**Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú**

# ►B ►M9 RIALACHÁN (AE) Uimh. 575/2013 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**an 26 Meitheamh 2013**

**maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ◄**

**(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)**

(IO L 176, 27.6.2013, lch. 1)

Arna leasú le:

| | | Iris Oifigiúil | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Uimh | Leathanach | Dáta |
| ►M1 | Commission Delegated Regulation (EU) 2015/62 of 10 October 2014 (*) | L 11 | 37 | 17.1.2015 |
| ►M2 | Rialachán (AE) 2016/1014 ó Pharlaimint nahEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 | L 171 | 153 | 29.6.2016 |
| ►M3 | Commission Delegated Regulation (EU) 2017/2188 of 11 August 2017 (*) | L 310 | 1 | 25.11.2017 |
| ►M4 | Rialachán (AE) 2017/2395 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 | L 345 | 27 | 27.12.2017 |
| ►M5 | Rialachán (AE) 2017/2401 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 | L 347 | 1 | 28.12.2017 |
| ►M6 | Commission Delegated Regulation (EU) 2018/405 of 21 November 2017 (*) | L 74 | 3 | 16.3.2018 |
| ►M7 | Rialachán (AE) 2019/630 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 | L 111 | 4 | 25.4.2019 |
| ►M8 | Rialachán (AE) 2019/876 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 | L 150 | 1 | 7.6.2019 |
| ►M9 | Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 | L 314 | 1 | 5.12.2019 |
| ►M10 | Rialachán (AE) 2019/2160 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 | L 328 | 1 | 18.12.2019 |
| ►M11 | Rialachán (AE) 2020/873 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2020 | L 204 | 4 | 26.6.2020 |
| ►M12 | Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/424 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 | L 84 | 1 | 11.3.2021 |
| ►M13 | Rialachán (AE) 2021/558 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2021 | L 116 | 25 | 6.4.2021 |

(*) Níor foilsíodh an gníomh seo i nGaeilge.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ►**M14** | Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1043 ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2021 | L 225 | 52 | 25.6.2021 |
| ►**M15** | Rialachán (AE) 2022/2036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 | L 275 | 1 | 25.10.2022 |

Arna cheartú le:

►**C1** Ceartúchán, IO L 208, 2.8.2013, lch. 1 (575/2013)
►**C2** Ceartúchán, IO L 321, 30.11.2013, lch. 6 (575/2013)
►**C3** Ceartúchán, IO L 20, 25.1.2017, lch. 1 (575/2013)
►**C4** Ceartúchán, IO L 335, 13.10.2020, lch. 20 (2019/630)
►**C5** Ceartúchán, IO L 405, 2.12.2020, lch. 79 (2019/2033)
►**C6** Ceartúchán, IO L 65, 25.2.2021, lch. 65 (2019/876)
►**C7** Ceartúchán, IO L 398, 11.11.2021, lch. 32 (2019/876)
►**C8** Ceartúchán, IO L 233, 8.9.2022, lch. 91 (2019/876)

▼B

▼M9

**RIALACHÁN (AE) Uimh. 575/2013 Ó PHARLAIMINT NAhEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an 26 Meitheamh 2013**

**maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012**

▼B

**(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)**

CUID A hAON

**FORÁLACHA GINEARÁLTA**

TEIDEAL I

**ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE**

▼M8

*Airteagal 1*

**Raon feidhme**

Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha aonfhoirmeacha maidir le ceanglais stuamachta ghinearálta nach mór d'institiúidí, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais agus cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha atá faoi mhaoirsiú Threoir 2013/36/AE a chomhlíonadh i ndáil leis na nithe seo a leanas:

(a) ceanglais cistí dílse a bhaineann le gnéithe de phriacal creidmheasa, priacal margaidh, priacal oibriúcháin, priacal socraíochta agus luamhánú atá go hiomlán inchainníochtaithe, aonfhoirmeach agus caighdeánaithe;

(b) ceanglais a chuireann teorainneacha le risíochtaí móra;

(c) ceanglais leachtachta a bhaineann le priacal leachtachta atá go hiomlán inchainníochtaithe, aonfhoirmeach agus caighdeánaithe;

(d) ceanglais tuairiscithe a bhaineann le pointí (a), (b) agus (c);

(e) ceanglais maidir le nochtadh poiblí.

Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha aonfhoirmeacha maidir leis na ceanglais cistí dílse agus dliteanas incháilithe a chomhlíonfaidh eintitis réitigh ar institiúidí domhanda a bhfuil tábhacht shistéamach leo (G-SIInna) iad nó cuid de G-SIInna agus fochuideachtaí suntasacha de G-SIInna neamh-AE.

Ní rialaítear leis an Rialachán seo na ceanglais atá ar údaráis inniúla maidir le nochtadh i réimse na rialála stuamachta agus na maoirseachta institiúidí mar a leagtar amach i dTreoir 2013/36/AE.

*Airteagal 2*

**Cumhachtaí maoirseachta**

1. D'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán seo, beidh na cumhachtaí ag na húdaráis inniúla a leagtar amach i dTreoir 2013/36/AE agus leanfaidh siad na nósanna imeachta atá inti agus sa Rialachán seo.

▼M8

2. D'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar an Rialachán seo, beidh na cumhachtaí ag na húdaráis réitigh a leagtar amach i dTreoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) agus leanfaidh siad na nósanna imeachta atá inti agus sa Rialachán seo.

3. Chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanas incháilithe, oibreoidh údaráis inniúla agus údaráis réitigh i gcomhar le chéile.

4. Chun críocha comhlíonadh a áirithiú laistigh dá n-inniúlachtaí faoi seach, áiritheoidh an Bord Aonair Réitigh, arna bhunú ag Airteagal 42 de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), agus an Banc Ceannais Eorpach, i ndáil le hábhair a bhaineann leis na cúraimí a thugtar dó le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ([3]) ón gComhairle, go ndéanfar faisnéis ábhartha a mhalartú go rialta iontaofa.

▼M9

5. Agus na forálacha a leagtar síos in Airteagal 1(2) agus 1(5) de Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) á gcur i bhfeidhm acu i dtaca le gnólachtaí infheistíochta dá dtagraítear sna míreanna sin, caithfidh na húdaráis inniúla mar a shainmhínítear i bpointe (5) d'Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) leis na gnólachtaí infheistíochta sin amhail is dá mbeadh na gnólachtaí infheistíochta sin ina 'n-institiúidí' faoin Rialachán seo.

▼B

*Airteagal 3*

**Cur i bhfeidhm ceanglas níos déine ag institiúidí**

Ní chuirfidh an Rialachán seo cosc ar institiúidí cistí dílse agus a gcomhpháirteanna de bhreis orthu siúd a cheanglaítear leis an Rialachán seo a bheith ina seilbh acu, ná bearta a chur i bhfeidhm atá níos déine ná iad siúd a cheanglaítear leis an Rialachán seo.

---

([1]) Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat um théarnamh agus réiteach na n-institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a aisghairm (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 225, 30.7.2014, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013, lch. 63).

([4]) Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 575/2013, (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L314, 5.12.2019, lch. 1).

([5]) Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoracha 2013/36/AE agus 2014/65/AE (IO L314, 5.12.2019, lch. 64).

▼B

*Airteagal 4*

**Sainmhínithe**

1. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

▼M9

(1) ciallaíonn 'institiúid creidmheasa' gnóthas arb é a ghnó aon cheann de na nithe seo a leanas:

(a) taiscí nó cistí inaisíoctha eile a ghlacadh ón bpobal agus creidmheasanna a dheonú dá cuntas féin;

(b) aon cheann de na gníomhaíochtaí a dhéanamh dá dtagraítear i bpointí (3) agus (6) de Roinn A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), i gcás ina bhfuil feidhm ag ceann amháin de na nithe seo a leanas, ach nach déileálaí tráchtearraí agus lamháltas astaíochtaí, gnóthas comhinfheistíochta ná gnóthas árachais é an gnóthas:

(i) is ionann agus EUR 30 billiún nó is mó ná sin luach iomlán shócmhainní comhdhlúite an ghnóthais;

(ii) is lú luach iomlán shócmhainní an ghnóthais ná EUR 30 billiún, agus tá an gnóthas ina chuid de ghrúpa inarb ionann agus EUR 30 billiún nó inar mó ná EUR 30 billiún luach iomlán shócmhainní comhdhlúite na ngnóthas uile sa ghrúpa sin ar lú ná EUR 15 bhilliún na sócmhainní iomlána atá ag gach ceann acu ar bhonn aonair agus a dhéanann aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (3) agus (6) de Roinn A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE; nó

(iii) is lú luach iomlán shócmhainní an ghnóthais ná EUR 30 billiún, agus tá an gnóthas ina chuid de ghrúpa inarb ionann agus EUR 30 billiún nó inar mó ná EUR 30 billiún luach iomlán shócmhainní comhdhlúite na ngnóthas uile sa ghrúpa a dhéanann aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (3) agus (6) de Roinn A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE, i gcás ina gcinnfidh an maoirseoir comhdhlúthaithe i gcomhairle leis an gcoláiste maoirseachta amhlaidh chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol a d'fhéadfadh a bheith ann go bhféadfaí dul timpeall ar an riail agus chun aghaidh a thabhairt ar phriacail a d'fhéadfadh a bheith ann do chobhsaíocht airgeadais an Aontais;

chun críocha phointí (b)(ii) agus (b)(iii), i gcás ina bhfuil an gnóthas ina chuid de ghrúpa tríú tír, déanfar sócmhainní iomlána gach brainse den ghrúpa tríú tír arna údarú san Aontas a áireamh i gcomhluach iomlán shócmhainní na ngnóthas uile sa ghrúpa.

(2) ciallaíonn 'gnólacht infheistíochta' gnólacht infheistíochta mar a shainmhínítear é i bpointe (1) d'Airteagal 4(1) de Threoir 2014/65/AE atá údaraithe faoin Treoir sin ach ní áirítear leis institiúid creidmheasa;

---

([1]) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE.

▼**M9**

(3) ciallaíonn 'institiúid' institiúid creidmheasa atá údaraithe faoi Airteagal 8 de Threoir 2013/36/AE nó gnóthas dá dtagraítear in Airteagal 8a(3) di;

---

▼**B**

(5) ciallaíonn 'gnóthas árachais' gnóthas áracháis mar a shainmhínítear faoi phointe (1) d'Airteagal 13 de Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le dul i mbun ghnó an árachais agus an athárachais, agus leanúint den ghnó sin (Sócmhainneacht II) ([1]);

(6) ciallaíonn 'gnóthas athárachais' gnóthas árachais mar a shainmhínítear faoi phointe (4) d'Airteagal 13 de Threoir 2009/138/CE;

▼**M8**

(7) ciallaíonn 'gnóthas comhinfheistíochta' nó '(GC)' GCUI mar a shainmhínítear é in Airteagal 1 de Threoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) nó ciste infheistíochta malartach (CIM) mar a shainmhínítear é i bpointe (a) d'Airteagal 4(1) de Threoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]);

▼**B**

(8) ciallaíonn 'eintiteas earnála poiblí' comhlacht riaracháin neamhthráchtála atá freagrach do rialtais láir, do rialtais áitiúla nó d'údaráis áitiúla, nó d'údaráis a fheidhmíonn na freagrachtaí céanna a fheidhmíonn rialtais réigiúnacha agus údaráis áitiúla; nó gnóthas neamh-thráchtála atá faoi úinéireacht nó bunaithe agus urraithe ag rialtais láir, ag rialtais réigiúnacha nó ag údaráis áitiúla agus ag a bhfuil socruithe ráthaíochta follasacha, agus féadfaidh comhlachtaí féinriartha arna rialú ag dlí atá faoi mhaoirseach phoiblí a áireamh leo;

(9) ciallaíonn 'comhlacht bainistíochta' comhlacht bainistíochta mara shainmhínítear é i bpointe 7 d'Airteagal 3(1) de Threoir 2013/36/(AE)

(10) ciallaíonn 'bainistíocht shinsearach' bainistíocht shinsearach mar a shainmhínítear í i bpointe (9) Airteagal 43(1) de Threoir 2013/36/(AE);

(11) ciallaíonn "priacal sistéamach" priacal sistéamach mar a shainmhínítear é i bpointe (10) d'Airteagal 3(1) de Threoir 2013/36/(AE)

---

([1]) IO L 335, 17.12.2009.lch 1

([2]) Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú forálacha reachtaíochta, rialúchán agus riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe (GCUI) (IO L 302, 17.11.2009, lch. 32).

([3]) Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoracha 2003/41/CE agus 2009/65/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L 174, 1.7.2011, lch. 1).

▼B

(12) ciallaíonn "priacal samhla" priacal samhla mar a shainmhíntear éi bpointe (11) d'Airteagal 3(1) de Threoir 2013/36/(AE);

▼M5

(13) ciallaíonn 'tionscnóir' tionscnóir mar a shainmhínítear i bpointe (3) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2017/2402 ([1]);

(14) ciallaíonn 'urraitheoir' urraitheoir mar a shainmhínítear i bpointe (5) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2017/2402;

(14a) ciallaíonn 'iasachtóir bunaidh' iasachtóir bunaidh mar a shainmhínítear i bpointe (20) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2017/2402;

▼B

(15) ciallaíonn 'máthairghnóthas':

(a) máthairghnóthas de réir bhrí Airteagal 1 agus Airteagal 2 de Threoir 83/349/CEE;

(b) chun críocha Chuid 2 de Chaibidlí 3 agus 4 de Theideal VII, agus Theideal VIII de Threoir 2013/36/(AE) agus Chuid a Cúig den Rialachán seo, máthairghnóthas de réir bhrí Airteagal 1(1) de Threoir 83/349/CEE agus aon ghnóthas a bhfuil tionchar ceannasach aige ar aon ghnóthas eile;

(16) ciallaíonn 'fochuideachta':

(a) gnóthas fochuideachta de réir bhrí Airteagal 1 agus Airteagal 2 de Threoir 83/349/CEE;

(b) gnóthas fochuideachta de réir bhrí Airteagal 1(1) de Threoir 83/349/CEE agus aon ghnóthas ar a bhfuil tionchar ceannasach ag máthairghnóthas;

Fochuideachtaí de chuid fochuideachta, measfar gur fochuideachta í de chuid an ghnóthais atá ina mháthairghnóthas bunaidh aici;

(17) ciallaíonn 'brainse' áit ghnó atá ina cuid spleách de réir dlí d'institiúid agus a dhéanann go díreach na hidirbhearta uile nó cuid díobh ar cuid dhílis iad de ghnó na n-institiúidí;

(18) ciallaíonn 'gnóthas seirbhísí coimhdeacha' gnóthas arb é a phríomhghníomhaíocht bheith i seilbh maoine nó maoin a bhainistiú, seirbhísí próiseála sonraí a bhainistiú, nó gníomhaíocht chomhchosúil atá coimhdeach le príomhghníomhaíocht institiúid creidmheasa amháin nó níos mó;

---

([1]) Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe, agus lena leasaítear Treoir 2009/65/CE, Treoir 2009/138/CE, Treoir 2011/61/AE, Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 347, 28.12.2017, lch. 35).

▼**C2**

(19) ciallaíonn 'cuideachta bhainistíochta sócmhainní' cuideachta bhainistíochta sócmhainní mar a shainmhínítear í i bpointe (5) d'Airteagal 2 de Threoir 2002/87/CE nó BCIM mar a shainmhínítear é in Airteagal 4(1)(b) de Threoir 2011/61/AE, lena n-áirítear, mura bhforáiltear a mhalairt, eintitis de chuid tríú tíortha a dhéanann gníomhaíochtaí comhchosúla agus atá faoi réir dhlíthe tríú tír a chuireann ceanglais mhaoirseachta agus rialála i bhfeidhm, ar ceanglais iad atá ar a laghad cóibhéiseach leo siúd a chuirtear i bhfeidhm san Aontas;

▼**M8**

(20) ciallaíonn 'cuideachta shealbhaíochta airgeadais' institiúid airgeadais ar institiúidí airgeadais a fochuideachtaí uile nó an chuid is mó díobh agus nach cuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha í; is éard is fochuideachtaí de chuid institiúid airgeadais ann, institiúidí nó institiúidí airgeadais, den chuid is mó, ar institiúid ceann amháin díobh ar a laghad agus a mbaineann níos mó ná 50 % de chothromas, de shócmhainní comhdhlúite, d'ioncam nó de phearsanra na hinstitiúide airgeadais nó de tháscaire eile de chuid na hinstitiúide airgeadais sin a mheasann a húdarás inniúil atá ábhartha, le fochuideachtaí ar institiúidí nó institiúidí airgeadais iad;

▼**B**

(21) ciallaíonn 'cuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha' cuideacht sealbhaíocht mheasctha mar a shainmhínítear í i bpointe 15 d'Airteagal 2de Threoir 2002/87/CE;

(22) ciallaíonn 'cuideachta shealbhaíochta ghníomhaíochtaí measctha' máthairghnóthas nach cuideachta shealbhaíochta airgeadais ná institiúid ná cuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha í, a bhfuil institiúid amháin ar a laghad i measc a fochuideachtaí

(23) ciallaíonn 'gnóthas árachais tríú tír' gnóthas árachais tríú tír mar a shainmhínítear é i bpointe (6) d'Airteagal 13de Threoir 2009/138/CE;

(24) ciallaíonn 'gnóthas athárachais tríú tír' gnóthas athárachais tríú tír mar a shainmhínítear i bpointe 3 d'Airteagal 13de Threoir 2009/138/CE;

(25) ciallaíonn 'gnólacht infheistíochta aitheanta de chuid tríú tíortha' gnólacht a chomhlíonann gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) bheadh sé cumhdaithe ag an sainmhíniú ar ghnólacht infheistíochta, dá mbeadh sé bunaithe laistigh den Aontas;

(b) tá sé údaraithe i dtríú tír;

(c) tá sé faoi réir rialacha stuamachta a mheasann na húdaráis inniúla a bheith ar a laghad chomh dian leo siúd a leagtar síos sa Rialachán seo nó le Treoir2013/36/AE agus a chomhlíonann na rialacha sin;

▼**M9**

(26) ciallaíonn 'institiúid airgeadais' gnóthas nach institiúid é agus nach cuideachta sealbhaíochta tiomnaithe don tionsclaíocht amháin **é**, arb é a phríomhghníomhaíocht sealúchais a fháil nó ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí a liostaítear i bpointe 2 go pointe 12 agus i bpointe 15 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/36/AE a shaothrú, lena n-áirítear gnólacht infheistíochta, cuideachta sealbhaíochta airgeadais,

▼M9

cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha, cuideachta sealbhaíochta infheistíochta, institiúid íocaíochta de réir bhrí Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus cuideachta bainistíochta sócmhainní, ach ní áirítear leis cuideachtaí sealbhaíochta árachais ná cuideachtaí sealbhaíochta árachais gníomhaíochtaí measctha mar a shainmhínítear i bpointí (f) agus (g) d'Airteagal 212(1) de Threoir 2009/138/CE iad;

▼B

(27) ciallaíonn 'eintiteas earnála airgeadais' aon cheann díobh seo a leanas:

(a) institiúid;

(b) institiúid airgeadais;

(c) gnóthas seirbhísí coimhdeacha a áirítear i staid chomhdhlúite airgeadais institiúide;

(d) gnóthas árachais;

(e) gnóthas árachais tríú tír;

(f) gnóthas athárachais;

(g) gnóthas athárachais tríú tír;

▼C2

(h) cuideachta sealbhaíochta árachais mar a shainmhínítear i bpointe (f) d'Airteagal 212(1) de Threoir 2009/138/CE í;

__________

▼B

(k) gnóthas atá eisiata ó raon feidhme Threoir 2009/138/CE i gcomhréir le hAirteagal 4 den Treoir sin;

(l) gnóthas tríú tíre a bhfuil príomhghnó aige atá inchomparáide le haon cheann de na heintitis dá dtagraítear i bpointe (a) go (k) thuas.

▼M8

(28) ciallaíonn 'máthairinstitiúid i mBallstát' institiúid i mBallstát a bhfuil institiúid nó institiúid airgeadais nó gnóthas seirbhísí coimhdeacha mar fhochuideachta aici, a bhfuil rannpháirtíocht aici in institiúid, in institiúid airgeadais nó i ngnóthas seirbhísí coimhdeacha, agus nach bhfuil ina fochuideachta de chuid institiúid eile atá údaraithe sa Bhallstát céanna, ná ina fochuideachta de chuid cuideachta shealbhaíochta airgeadais nó de chuid cuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha atá bunaithe sa Bhallstát céanna;

▼B

(29) ciallaíonn 'máthairinstitiúid AE' máthairinstitiúid i mBallstát nach bhfuil ina fochuideachta ag institiúid eile atá údaraithe in aon Bhallstát, ná ina fochuideachta de chuid cuideachta sealbhaíochta airgeadais nó de chuid cuideachta sealbhaíochta airgeadais measctha atá bunaithe in aon Bhallstát;

______

([1]) Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hÉireann agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoir 2002/65/CE, Treoir 2009/110/CE agus Treoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35).

▼M9

(29a) ciallaíonn 'máthairghnólacht infheistíochta i mBallstát' máthairghnóthas i mBallstát ar gnólacht infheistíochta é;

(29b) ciallaíonn 'máthairghnólacht infheistíochta AE' máthairghnóthas AE ar gnólacht infheistíochta é;

▼M8

(29c) ciallaíonn 'máthairinstitiúid chreidmheasa i mBallstát' máthairinstitiúid i mBallstát ar institiúid creidmheasa í;

(29d) ciallaíonn 'máthairinstitiúid creidmheasa AE' máthairinstitiúid AE ar institiúid creidmheasa í;

▼B

(30) ciallaíonn 'máthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais i mBallstát' cuideachta shealbhaíochta airgeadais nach bhfuil ina fochuideachta ag institiúid eile atá údaraithe sa Bhallstát céanna, ná ina fochuideachta de chuid cuideachta sealbhaíochta airgeadais nó de chuid cuideachta sealbhaíochta airgeadais measctha atá bunaithe sa Bhallstát céanna;

(31) ciallaíonn 'máthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais AE' máthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais i mBallstát nach bhfuil ina fochuideachta ag institiúid atá údaraithe in aon Bhallstát, ná ina fochuideachta de chuid cuideachta sealbhaíochta airgeadais nó de chuid cuideachta sealbhaíochta airgeadais measctha eile atá bunaithe in aon Bhallstát;

(32) ciallaíonn 'máthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha i mBallstát' cuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha nach bhfuil ina fochuideachta ag institiúid eile atá údaraithe sa Bhallstát céanna, ná ina fochuideachta de chuid cuideachta sealbhaíochta airgeadais nó de chuid cuideachta sealbhaíochta airgeadais measctha atá bunaithe sa Bhallstát céanna.

(33) ciallaíonn 'máthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais measctha AE' máthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais measctha i mBallstát nach bhfuil ina fochuideachta ag institiúid atá údaraithe in aon Bhallstát, ná ina fochuideachta de chuid cuideachta sealbhaíochta airgeadais nó de chuid cuideachta sealbhaíochta airgeadais measctha eile atá bunaithe in aon Bhallstát;

▼C2

(34) ciallaíonn 'contrapháirtí lárnach' nó 'CL' CL mar atá sainmhínithe i bpointe 1 d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimhir 648/2012;

▼B

(35) ciallaíonn 'rannpháirtíocht' rannpháirtíocht de réir bhrí na chéad abairte in Airteagal 17 de Cheathrú Treoir 78/660/CEE ón gComhairle an 25 Iúil 1978 maidir le cuntais bhliantúla cineálacha áirithe cuideachtaí ([1]), nó úinéireacht, díreach nó indíreach, 20 % nó níos mó de na cearta vótála nó de chaipiteal gnóthais;

(36) ciallaíonn 'sealúchas cáilitheach' sealúchas díreach nó indíreach i ngnóthas arb ionann é agus 10 % nó níos mó den chaipiteal nó de na cearta vótála i gceist nó a fhágann gur féidir tionchar suntasach a imirt ar bhainistiú an ghnóthais sin;

([1]) IO L 222, 14.8.1978. lch 11

▼**B**

(37) ciallaíonn 'rialú' an caidreamh idir máthairghnóthas agus fochuideachta, mar atá sainmhínithe in Airteagal 1 de Threoir 83/349/CEE ón gComhairle nó na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil institiúid faoina réir faoi Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002, nó caidreamh atá cosúil leis idir aon duine nádúrtha nó dlítheanach agus gnóthas;

(38) ciallaíonn 'dlúthnaisc' staid ina bhfuil dhá dhuine nádúrtha nó dlítheanacha, nó níos mó, nasctha le chéile ar cheann de na bealaí seo a leanas:

(a) rannpháirtíocht i bhfoirm úinéireachta, bíodh sé díreach nó i bhfoirm rialaithe, ar 20 % nó níos mó de na cearta vótála nó de chaipiteal an ghnóthais;

(b) smacht;

(c) an dá duine nádúrtha nó dlítheanacha nó iad go léir a bheith buan-nasctha leis an tríú duine trí ghaolmhaireacht rialaithe;

(39) ciallaíonn 'grúpa cliant nasctha' aon cheann díobh seo a leanas:

(a) dhá dhuine nádúrtha nó dhlítheanacha, nó níos mó, ar aon priacal amháin iad, mura léirítear a mhalairt, toisc go bhfuil rialú ag duine acu, go díreach nó go hindíreach, ar an duine nó ar na daoine eile;

(b) dhá dhuine nádúrtha nó dhlítheanacha, nó níos mó, nach bhfuil aon ghaol rialaithe den chineál a dtagraítear dó i bpointe (a) eatarthu, ach atá le meas mar aon priacal amháin toisc go bhfuil an nasc chomh dlúth sin eatarthu gur dócha, dá mbeadh fadhbanna airgeadais ag duine amháin acu, go háirithe deacrachtaí maoinithe nó aisíocaíochta, go mbeadh deacrachtaí airgeadais ag an duine eile nó ag na daoine eile go léir;

D'ainneoin phointe (a) agus do phointe (b),sa chás go bhfuil rialú díreach ag rialtas láir ar níos mó ná duine nádúrtha nó dlítheanach amháin nó go bhfuil sé idirnasctha go díreach leo, féadfar, maidir leis an tacar arb éard atá ann an rialtas láir agus na daoine nádúrtha nó dlítheanacha uile atá faoina rialú díreach nó indíreach i gcomhréir le pointe (a) nó atá idirnasctha leis i gcomhréir le pointe (b), an tacar sin a mheas mar ghrúpa nach bhfuil cliaint nasctha ann. Ina ionad sin, féadfar measúnú ar leith a dhéanamh, ina measfaí an ann do ghrúpa cliant nasctha ina bhfuil an rialtas láir agus daoine nádúrtha nó dlítheanacha eile, ar measúnú do gach duine ar leith é atá faoina rialú díreach i gcomhréir le pointe (a) nó atá idirnasctha go díreach leis i gcomhréir le pointe (b), agus do na daoine nádúrtha nó dlítheanacha uile atá faoi rialú an duine sin i gcomhréir le pointe (a) nó atá idirnasctha leis an duine sin i gcomhréir le pointe (b), lena n-áirítear an rialtas láir. Tá feidhm ag an méid sin freisin i gcás rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil a bhfuil feidhm ag Airteagal 115(2) ina leith.

▼**M8**

Ní mheastar gur grúpa cliant nasctha iad beirt nó triúr daoine nádúrtha nó dlítheanacha a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (a) nó (b) mar go bhfuil siad risíochta go díreach ar CPL céanna chun críocha gníomhaíochtaí imréitigh;

▼B

(40) ciallaíonn 'udarás inniúil' údarás poiblí nó comhlacht atá aitheanta go hoifigiúil ag an dlí náisiúnta, agus a dtugann an dlí náisiúnta an chumhacht dó maoirseacht a dhéanamh ar institiúidí mar chuid den chóras maoirseachta atá i bhfeidhm sa Bhallstát lena mbaineann;

▼M8

(41) ciallaíonn 'maoirseoir comhdhlúthaithe' údarás inniúil atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar bhonn comhdhlúite i gcomhréir le hAirteagal 111 de Threoir 2013/36/AE;

▼B

(42) ciallaíonn 'údarú' ionstraim arna heisiúint i bhfoirm ar bith ag na húdaráis ar ar deonaíodh an ceart an gnó a dhéanamh;

(43) ciallaíonn 'Ballstát baile' an Ballstát ar tugadh údarú d'institiúid ann;

(44) ciallaíonn 'Ballstát óstaigh' an Ballstát a bhfuil brainse ag institiúid ann nó ina gcuireann sí seirbhísí ar fáil;

(45) ciallaíonn 'bainc cheannais CEBC' na bainc cheannais náisiúnta atá ina gcomhaltaí den Chóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC) agus den Bhanc Ceannais Eorpach (BCE);

(46) ciallaíonn 'bainc cheannais' bainc cheannais CEBC agus bainc cheannais tríú tíortha

(47) ciallaíonn 'cás comhdhlúite' an cás a thagann as ceanglais an rialacháin seo a chur i bhfeidhm i gcomhréir le Cuid a hAon, Teideal II de Chaibidil 2 ar institiúid amhail dá mba institiúid amháin í agus eintiteas amháin eile nó níos mó;

(48) ciallaíonn 'bonn comhdhlúite' ar bhonn an cháis chomhdhlúite;

(49) ciallaíonn 'ar bhonn fo-chomhdhlúite' ar bhonn cháis chomhdhlúite máthairinstitiúide, na cuideachta sealbhaíochta airgeadais nó na cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha gan fo-ghrúpa eintiteas san áireamh nó ar bhonn cháis chomhdhlúite máthairinstitiúide, cuideachta sealbhaíochta airgeadais nó cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha nach an mháthairinstitiúid dheiridh, an chuideachta sealbhaíochta airgeadais dheiridh nó an chuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha dheiridh í.

(50) ciallaíonn 'ionstraim airgeadais' aon cheann díobh seo a leanas:

(a) conradh a bhfuil mar thoradh air sócmhainn airgeadais i gcás páirtí amháin agus dliteanas airgeadais nó ionstraim cothromais i gcás an pháirtí eile;

(b) ionstraim a shainítear i Roinn C d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/39/CE;

(c) ionstraim airgeadais dhíorthach;

(d) ionstraim phríomhúil airgeadais;

(e) ionstraim airgid.

▼B

Ní ionstraimí airgeadais na hionstraimí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) ach amháin sa chás go ndíorthaítear a luach ó phraghas ionstraime airgeadais fholuitigh, ó ítim eile fholuiteach, ó ráta, nó ó innéacs;

▼M9

(51) ciallaíonn 'caipiteal tosaigh' méideanna agus cineálacha na gcistí dílse a shainítear in Airteagal 12 de Threoir 2013/36/AE;

▼B

(52) ciallaíonn 'priacal oibriúcháin' an priacal caillteanais a eascraíonn ó chórais, ó dhaoine nó ó phróisis inmheánaigh ar theip orthu nó nach raibh leormhaith, nó ó theagmhais sheachtracha, agus tá priacal dlíthiúil san áireamh freisin;

(53) ciallaíonn 'priacal caolúcháin' an priacal go laghdófaí suim infhála trí chreidmheasanna airgid nó neamh-airgid chuig an bhféichiúnaí;

(54) ciallaíonn 'dóchúlacht mainneachtana' nó 'DM' an dóchúlacht mainneachtana a bhaineann le contrapháirtí ar feadh tréimhse bliana;

(55) ciallaíonn 'caillteanas i gcás mainneachtana' nó LGD cóimheas an chaillteanais ar risíocht de thoradh mainneachtana chontrapháirtí leis an tsuim gan íoc tráth na mainneachtana;

(56) ciallaíonn 'fachtóir coinbhéartaithe' cóimheas mhéid an ghealltanais atá gan tarraingt go fóill agus a d'fhéadfaí a tharraingt agus a bheadh gan íoc, dá bhrí sin, tráth na mainneachtana, le méid an ghealltanais atá gan tarraingt go fóill. Is í an teorainn mholta a chinnfidh fairsinge an ghealltanais, ach amháin má tá an teorainn neamh-mholta níos airde;

(57) ciallaíonn 'maolú priacal creidmheasa' teicníc a úsáideann institiúid chun an priacal creidmheasa a bhaineann le risíocht nó risíochtaí atá fós i seilbh na hinstitiúide a laghdú;

(58) ciallaíonn 'cosaint creidmheasa chistithe' teicníc maolaithe priacal creidmheasa ina dtagann an laghdú ar priacal creidmheasa ar risíocht institiúide as ceart na hinstitiúide sin,i gcás mainneachtana an chontrapháirtí nó i gcás teagmhais chreidmheasa sainithe eile a bhaineann leis an gcontrapháirtí,sócmhainní nó méideanna áirithe a leachtú nó iad a chur á n-aistriú nó á leithreasú, iad a choinneáil, nó an risíocht orthu a laghdú, nó an difear idir méid na risíochta agus méid éilimh ar an institiúid a chur ina n-ionad;

(59) ciallaíonn 'cosaint neamhchistithe creidmheasa' teicníc maolaithe priacal creidmheasa ina dtagann an laghdú ar priacal creidmheasa ar risíocht institiúide as oibleagáid tríú páirtí suim a íoc i gcás mainneachtana an iasachtaí nó i gcás teagmhas creidmheasa sainithe eile;

▼M9

(60) ciallaíonn 'ionstraim chomhshamhlaithe airgid' deimhniú taiscthe, banna, lena n-áirítear banna faoi chumhdach, nó aon ionstraim neamh-fho-ordaithe eile atá eisithe ag institiúid nó gnólacht infheistíochta, a bhfuil íocaíocht iomlán faighte ag an institiúid nó ag an gnólacht infheistíochta ina leith cheana féin agus a aisíocfaidh an institiúid nó an gnólacht infheistíochta gan choinníoll ag a luach ainmniúil;

▼M5

(61) ciallaíonn 'urrúsú' urrúsú mar a shainmhínítear i bpointe (1) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2017/2402;

(62) ciallaíonn 'suíomh urrúsúcháin' suíomh urrúsúcháin mar a shainmhínítear i bpointe (19) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2017/2402;

(63) ciallaíonn 'ath-urrúsú' ath-urrúsú mar a shainmhínítear i bpointe (4) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2017/2402;

▼B

(64) ciallaíonn 'suíomh ath-urrúsúcháin' risíocht ar ath-urrúsúchán;

(65) ciallaíonn 'feabhsú creidmheasa' socrú conarthach trína ndéantar cáilíocht chreidmheasa suímh atá in urrúsú a fheabhsú le hais mar a bheadh sé murach sin, lena n-áirítear feabhsú a thagann as tráinsí níos sóisearaí san urrúsú agus as cineálacha eile cosanta creidmheasa;

▼M5

(66) ciallaíonn 'eintiteas sainchuspóireach urrúsúcháin' nó 'SSPE' eintiteas sainchuspóireach urrúsúcháin nó SSPE mar a shainmhínítear i bpointe (2) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2017/2402;

(67) ciallaíonn 'tráinse' tráinse mar a shainmhínítear i bpointe (6) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2017/2402;

▼B

(68) ciallaíonn 'marcáil ón margadh' luacháil suíomh ag praghsanna thráth dúnta an mhargaidh atá ar fáil gan dua agus a bhfuil foinse neamhspleách acu, lena n-áirítear praghsanna malartaithe, praghsanna scáileáin nó meastacháin ó roinnt bróicéirí neamh-spleácha creidiúnacha;

(69) ciallaíonn 'marcáil de réir samhla' aon luacháil is gá a thagarm-harcáil, a eachtarshuí nó a ríomh ar bhealach eile ó ionchur margaidh amháin nó níos mó;

(70) ciallaíonn 'fíorú neamhspleách ar phraghsanna' próiseas ina ndéantar praghsanna an mhargaidh nó ionchuir marcáil de réir samhla a fhíorú go rialta maidir le cruinneas agus neamh-spleáchas;

▼C2

(71) ciallaíonn 'caipiteal incháilithe' na nithe seo a leanas:

(a) chun críocha Theideal III de Chuid a Dó, ciallaíonn sé suim na nithe seo a leanas:

(i) caipiteal Leibhéal 1 dá dtagraítear in Airteagal 25, gan an asbhaint atá in Airteagal 36(1)(k)(i) a chur i bhfeidhm;

▼**C2**

(ii) caipiteal Leibhéal 2 dá dtagraítear in Airteagal 71 atá cothrom le haon trian de chaipiteal Leibhéal 1 nó níos lú ná sin faoi mar a ríomhtar é de bhun phointe (i) den phointe seo;

▼**M8**

(b) chun críocha Airteagal 97, ciallaíonn sé suim na méideanna seo a leanas:

▼**C2**

(i) Caipiteal Leibhéal 1 dá dtagraítear in Airteagal 25;

(ii) Caipiteal Leibhéal 2 dá dtagraítear in Airteagal 71 atá cothrom le haon trian de chaipiteal Leibhéal 1 nó níos lú ná sin.

▼**B**

(72) ciallaíonn 'malartán aitheanta' malartán a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas go léir:

▼**M9**

(a) is margadh rialáilte nó margadh tríú tír é a mheastar a bheith coibhéiseach le margadh rialáilte i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 25(4) de Threoir 2014/65/AE;

▼**B**

(b) tá sásra imréitigh aige trína ndéantar conarthaí atá liostaithe in Iarscríbhinn II a chur faoi réir ceanglas corrlaigh laethúil a chuireann cosaint iomchuí ar fáil, i dtuairim na n-údarás inniúil;

(73) ciallaíonn 'sochair phinsin lánroghnacha' sochair phinsin fheabhsaithe arna dtabhairt ar bhonn lánroghnach ag institiúid d'fhostaí mar chuid dá phacáiste luach saothair inathraithe, nach gcuimsíonn sochar fabhraithe a tugadh d'fhostaí faoi théarmaí scéim pinsean na cuideachta;

(74) ciallaíonn 'luach iasachta morgáiste' luach maoine dochorraithe arna chinneadh ag measúnú stuama ar indíoltacht na maoine sa todhchaí, ag cur san áireamh gnéithe inbhuanaithe fadtéarmacha na maoine, gnáthchoinníollacha an mhargaidh áitiúil, úsáid reatha agus úsáidí malartacha iomchuí na maoine;

(75) Ciallaíonn 'maoin chónaithe' áit chónaithe atá áitithe ag an úinéir nó ag léasaí na háite cónaithe, lena n-áirítear an ceart chun cónaí in árasán i gcomharchumainn tithíochtaatá lonnaithe sa tSualainn;

(76) ciallaíonn 'margadhluach', chun críocha maoine dochorraithe, an méid measta ba cheart a bheith ar an mhaoin ar í a mhalartú ar an dáta luachála idir ceannaitheoir toilteanach agus díoltóir toilteanach in idirbheart ar neamhthuilleamaí tar éis margaíochta cuí ina raibh na páirtithe ag gníomhú go heolasach, go stuama agus gan bheith faoi éigeantas;

(77) ciallaíonn 'creat cuntasaíochta infheidhme' na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil an institiúid faoina réir faoi Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 nó Treoir 86/635/CCE;

▼**B**

(78) ciallaíonn 'ráta mainneachtana aon bhliana' cóimheas an lín mainneachtana a thit amach i rith tréimhse dar tús aon bhliain amháin roimh dáta T leis an líon féichiúnaithe a shanntar don ghrád nó don líon sin aon bhliain amháin roimh an dáta sin;

(79) ciallaíonn 'maoiniú amhantrach maoine dochorraithe' iasachtaí ar mhaithe le héadáil nó forbairt nó tógáil ar thalamh a bhaineann leis an maoin dhochorraithe sin, nó a bhaineann leis an maoin sin, d'fhonn í a athdhíol chun brabús a dhéanamh;

(80) ciallaíonn 'maoiniú trádála' maoiniú, lena n-áirítear ráthaíochtaí, a bhaineann le malartú earraí nó seirbhísí trí tháirgí airgeadais d'aibíocht sheasta ghearrthéarmach, níos lú ná bliain amháin go hiondúil, gan tar-rolladh uathoibríoch,risíochtaí;

(81) Ciallaíonn 'creidmheasanna onnmhairiúcháin a fhaigheann tacaíocht oifigiúil' iasachtaí nó creidmheasanna chun onnmhairiú earraí agus seirbhísí a mhaoiniú a sholáthraíonn gníomhaireacht chreidmheasa onnmhairiúcháin oifigiúil ráthaíochtaí, árachas nó maoiniú díreach ina leith;

▼**C2**

(82) ciallaíonn 'comhaontú athcheannaigh' agus 'comhaontú athcheannaigh droim ar ais' aon chomhaontú ina n- aistríonn institiúid nó a contrapháirtí urrúis nó tráchtearraí nó cearta ráthaithe a bhaineann le teideal ar urrúis nó ar thráchtearraí nuair is malartán aitheanta a shealbhaíonn cearta na n-urrúis nó na dtráchtearraí a eisíonn an ráthaíocht sin, agus nuair nach dtugann an comhaontú cead don institiúid urrús nó tráchtearra ar leith a aistriú chuig níos mó ná contrapháirtí amháin san am céanna, faoi réir tiomantais iad a athcheannach, nó le hurrúis nó tráchtearraí athsholáthraithe den chineál céanna ag praghas agus ar dháta sa todhchaí atá sainithe ag an aistreoir, nó ag praghas agus ar dháta a shaineoidh sé, agus arb é atá iontu comhaontú athcheannaigh ag an institiúid atá ag díol na n-urrús nó na dtráchtearraí agus comhaontú ceannaigh droim ar ais ag an institiúid atá á gceannach;

▼**B**

(83) ciallaíonn 'idirbheart athcheannaigh' aon idirbheart arna rialú ag comhaontú athcheannaigh nó comhaontú athcheannaigh droim ar ais;

(84) ciallaíonn 'comhaontú simplí athcheannaigh' idirbheart athcheannaigh ar shócmhainn aonair nó ar shócmhainní chomhchosúla, neamhchasta seachas bascaed sócmhainní;

(85) ciallaíonn 'suímh arna sealbhú le hintinn iad a thrádáil' aon cheann díobh seo a leanas:

(a) suímh dhílsithe agus suímh a eascraíonn ó sheirbhísiú cliaint agus ó dhéanamh margaí;

(b) suímh atá ceaptha lena n-athdhíol sa ghearrtéarma;

▼B

(c) suímh atá ceaptha leas a bhaint as difríochtaí praghais gearrthéarmacha iarbhír nó ionchais idir praghsanna ceannaigh agus praghsanna díola nó as athróga eile ar phraghsanna nó as athróga ar an ráta úis;]

▼M8

(86) ciallaíonn 'leabhar trádála' gach suíomh in ionstraimí airgeadais agus i dtráchtearraí arna sealbhú ag institiúid le hintinn trádála, nó d'fhonn suíomhanna arna sealbhú le hintinn iad a thrádáil a fhálú, i gcomhréir le hAirteagal 104;

▼B

(87) ciallaíonn 'saoráid trádála iltaobhach' saoráid trádála iltaobhach mar a shainmhínítear í i bpointe 15 d'Airteagal 4 de Threoir 2004/39/CE;]

▼C2

(88) ciallaíonn 'contrapháirtí lárnach cáilitheach' nó 'CLC' contrapháirtí lárnach atá údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 nó atá aitheanta i gcomhréir le hAirteagal 25 den Rialachán sin;

▼B

(89) ciallaíonn 'ciste mainneachtana' ciste arna bhunú ag contrapháirtí lárnach i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) Uimh 648/2012 agus arna úsáid i gcomhréir le hAirteagal 45 den Rialachán sin;

(90) ciallaíonn 'ranníocaíocht réamh-mhaoinithe le ciste mainneachtana contrapháirtí lárnaigh' ranníocaíocht le ciste mainneachtana contrapháirtí lárnaigh a íocann institiúid;

▼M8

(91) ciallaíonn 'risíocht trádála' risíocht reatha, lena n-áirítear corrlach athrúcháin atá dlite don chomhalta imréitigh ach nach bhfuarthas fós agus aon risíocht a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo de chuid comhalta imréitigh nó de chuid cliaint ar CPL a eascraíonn as conarthaí agus idirbhearta a liostaítear i bpointí (a), (b) agus (c) d'Airteagal 301(1), mar aon le corrlach tosaigh;

▼B

(92) ciallaíonn 'margadh rialáilte' margadh rialtáilte mar a shainmhínítear é i bpointe (14) d'Airteagal 4 de Threoir 2004/39/CE;

(93) ciallaíonn 'luamhánú' méid choibhneasta sócmhainní institiúide, oibleagáidí atá lasmuigh den chlár comhardaithe agus oibleagáidí teagmhasacha comhthaobhacht a íoc nó a sheachadadh nó a sholáthar, lena n-áirítear oibleagáidí ó mhaoiniú faighte, tiomantais déanta, díorthaigh nó comhaontuithe athcheannaigh, cé is moite d'oibleagáidí nach féidir a chur i bhfeidhm ach amháin le linn leachtú institiúide, i gcomparáid le cistí dílse na hinstitiúide sin;

(94) ciallaíonn "priacal luamhánaithe iomarcaigh" an priacal a eascraíonn as leochaileacht institiúide mar gheall ar luamhán nó ar luamhán teagmhasach lena bhféadfaí bearta ceartaitheacha neamhbheartaithe a éileamh i ndáil lena phlean gnó, lena n-áirítear díol tochsail sócmhainní a bhféadfadh caillteanais nó coigeartuithe luachála ar na sócmhainní atá fós aige a bheith mar thoradh air;

▼B

(95) ciallaíonn 'coigeartú ar priacal creidmheasa' méid an tsoláthair shonraigh agus ghinearálta do chaillteanas ar iasachtaí i gcomhair priacail creidmheasa, ar méid é ar tugadh aitheantas ina leith i ráitis airgeadais na hinstitiúide i gcomhréir leis an gcreat cuntasaíochta is infheidhme;

▼M8

(96) ciallaíonn 'fálú inmheánach' suíomh lena bhfritháirítear na heilimintí priacail comhpháirtí idir suíomh sa leabhar trádála agus suíomh amháin nó níos mó sa leabhar neamhthrádála nó idir dhá dheasca trádála;

▼B

(97) ciallaíonn 'oibleagáid tagartha' oibleagáid a mbaintear úsáid aisti chun an luach socraíochta a bheidh ag díorthach creidmheasa a chinneadh.

(98) Ciallaíonn institiúidí um measúnú creidmheasa seachtrach nó IMCS gníomhaireacht rátála creidmheasa atá cláraithe nó deimhnithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa [1] nó banc ceannais a eisíonn rátálacha creidmheasa atá díolmhaithe ó fheidhm Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009.

(99) Ciallaíonn "IMCS ainmnithe" IMCS a ainmníonn institiúid;

(100) tá le 'ioncam cuimsitheach carntha eile' an bhrí atá leis faoin gCaighdeán Cuntasaíochta Idirnáisiúnta (CCI) 1, de réir mar is infheidhme faoi Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002;

(101) ciallaíonn 'cistí dílse bunúsacha' cistí dílse bunúsacha de réir bhrí Airteagal 88 de Threoir 2009/138/CE;

(102) ciallaíonn 'ítimí árachais chistí dílse Leibhéal 1' ítimí bunúsacha cistí dílse de chuid gnóthas atá faoi réir cheanglais Threoir 2009/138/CE i gcás ina n-aicmítear na hítimí sin i Leibhéal 1 de réir bhrí Threoir 2009/138/CE i gcomhréir le mír 1 d'Airteagal 94 den Treoir sin;

(103) ciallaíonn 'ítimí breise d'árachas cistí dílse de Leibhéal 1' ítimí bunúsacha cistí dílse de chuid gnóthas atá faoi réir cheanglais Threoir 2009/138/CE i gcás ina n-aicmítear na hítimí sin mar chaipiteal Leibhéal 1 de réir bhrí Threoir 2009/138/CE de réir Airteagal 94(1) den Treoir sin, agus ina bhfuil teorainn ar áirithiú na hítimí sin de bhun ghníomhartha tarmligthe arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 99 den Treoir sin;

(104) ciallaíonn 'ítimí árachais chistí dílse Leibhéal 2' ítimí bunúsacha cistí dílse de chuid gnóthas atá faoi réir cheanglais Threoir 2009/138/CE i gcás ina n-aicmítear na hítimí sin i Leibhéal 2 de réir bhrí Threoir 2009/138/CE i gcomhréir le mír 2 d'Airteagal 94 den Treoir sin;

[1] IO L 302, 17.11.2009, lch. 1

▼B

(105) ciallaíonn 'ítimí d'árachas cistí dílse de Leibhéal 3' ítimí árachais bunúsacha chistí dílse ghnóthais atá faoi réir cheanglais Threoir 2009/138/CE i gcás ina n-aicmítear na hítimí sin i Leibhéal 3 de réir bhrí Threoir 2009/138/CE i gcomhréir le mír 3 d'Airteagal 94 den Treoir sin;

(106) tá le 'sócmhainní cánach iarchurtha' an bhrí atá leis faoin gcreat cuntasaíochta is infheidhme;

(107) ciallaíonn ‘sócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht todhchaí sócmhainní cánach iarchurtha nach bhféadfar a luach todhchaí a réadú ach amháin sa chás go ngineann an institiúid brabús inchánach sa todhchaí;

(108) tá le 'dliteanais cánach iarchurtha' an bhrí atá leis faoin gcreat cuntasaíochta is infheidhme

(109) ciallaíonn 'sócmhainní ciste pinsin le sochar sainithe' sócmhainní ciste pinsean sainithe nó sócmhainní plean pinsean sainithe, de réir mar is infheidhme, arna ríomh tar éis iad a laghdú le méid na n-oibleagáidí faoin bplean nó faoin gciste sin;

(110) ciallaíonn 'dáileacháin' íocaíocht díbhinní nó leas i bhfoirm ar bith;

(111) tá le 'gnóthas airgeadais' an bhrí atá leis faoi phointí (b) agus (d) d'Airteagal 13(25) de Threoir 2009/138/CE;

(112) tá le 'cistí do priacail baincéireachta ginearálta' an bhrí atá leis faoi Airteagal 38 de Threoir 86/635/CEE;

(113) tá le 'cáilmheas' an bhrí atá leis faoin gcreat cuntasaíochta is infheidhme;

(114) ciallaíonn 'sealúchas indíreach' risíocht ar bith d'eintiteas idirmheánach a bhfuil risíocht aige ar ionstraimí caipitil arna n-eisiúint ag eintiteas earnála airgeadais más rud é, sa chás go ndíscríobhtar ionstraimí caipitil arna eisiúint ag an eintiteas earnála airgeadais go buan, nach mbeadh aon difear ábharach idir an caillteanas a thabhódh an institiúid mar thoradh ar an díscríobh agus an caillteanas a thabhódh an institiúid ó shealúchas díreach na n-ionstraimí caipitil sin arna n-eisiúint ag an eintiteas earnála airgeadais;

(115) tá le 'sócmhainní doláimhsithe' an bhrí atá leis faoin gcreat cuntasaíochta is infheidhme agus áirítear leis cáilmheas;

(116) ciallaíonn 'ionstraimí caipitil eile' ionstraimí caipitil arna n-eisiúint ag eintitis ábhartha san earnáil airgeadais nach gcáilíonn mar ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1, ionstraimí Breise Leibhéal 1, ionstraimí Breise Leibhéal 2, ítimí d'árachas cistí dílse de Leibhéal 1, ítimí breise d'árachas cistí dílse Leibhéal 1, ítimí d'árachas cistí dílse Leibhéal 2, ná ítimí árachais chistí dílse Leibhéal 3;

(117) ciallaíonn 'cúlchistí eile' cúlchistí de réir bhrí an chreata cuntasaíochta is infheidhme nach foláir a nochtadh faoin gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, cé is moite d'aon mhéideanna ar áireamh cheana féin in ioncam cuimsitheach carntha eile nó i dtuilleamh coimeádta;

▼B

(118) ciallaíonn 'cistí dílse' suim chaipiteal Leibhéal 1 agus caipiteal Leibhéal 2;

(119) ciallaíonn 'ionstraimí cistí dílse' ionstraimí chaipitil arna n-eisiúint ag an institiúid a cháilíonn mar ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1, ionstraimí Breise Leibhéal 1 nó ionstraimí Breise Leibhéal 2;

(120) ciallaíonn 'leas mionlaigh' an méid de chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de chuid fochuideachta institiúide atá inchurtha i leith duine nádúrtha nó dlítheanach seachas iad siúd a áirítear i raon feidhme comhdhlúthaithe stuamachta na hinstitiúide;

(121) tá le 'brabús' an bhrí atá leis faoin gcreat cuntasaíochta is infheidhme;

(122) ciallaíonn 'tras-shealúchas cómhalartach' sealúchas chuid institiúide ar ionstraimí cistí dílse nó ionstraimí caipitil eile arna n-eisiúint ag eintitis earnála airgeadais i gcás ina bhfuil ionstraimí cistí dílse arna n-eisiúint ag an institiúid i seilbh na n-eintiteas sin freisin;

(123) ciallaíonn 'tuilleamh coimeádta' brabúis agus caillteanais a thugtar ar aghaidh mar thoradh ar chur chun feidhme deiridh an bhrabúis nó an chaillteanais faoi na creataí cuntasaíochta is infheidhme;

(124) tá le 'cuntas scairbhisigh' an bhrí atá leis faoin gcreat cuntasaíochta is infheidhme;

(125) tá le 'difríochtaí sealadacha' an bhrí atá leis faoin gcreat cuntasaíochta is infheidhme.

(126) ciallaíonn 'sealúchas sintéiseach' infheistíocht a dhéanfaidh institiúid in ionstraim airgeadais a bhfuil nasc díreach ag luach na hionstraime le luach na n-ionstraimí caipitil arna n-eisiúint ag eintiteas earnála airgeadais.

(127) ciallaíonn 'scéim trasráthaíochta' scéim lena gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

▼M8

(a) tá na hinstitiúidí faoi chuimsiú na scéime cosanta institiúidí céanna dá dtagraítear in Airteagal 113(7) nó tá siad cleamhnaithe go buan le comhlacht lárnach trí bhíthin líonra;

▼B

(b) tá na hinstitiúidí comhdhlúite go hiomlán i gcomhréir le hAirteagal 1(1)(b), (c) nó (d) nó le hAirteagal1 (2) den Seachtú Treoir 83/349/CEE ón gComhairle maidir le cuntais chomhdhlúite agus áirítear iad sa mhaoirseacht a dhéantar, ar bhonn comhdhlúite, ar an institiúid arb é máthairinstitiúid i mBallstát é de réir Chaibidil 2 de Theideal II de Chuid a hAon agus atá faoi réir an cheanglais cistí dílse;

(c) bunaítear máthairinstitiúid agus na fochuideachtaí sa Bhallstát céanna agus tá siad faoi réir údaraithe agus maoirseachta ag an údarás inniúil céanna;

(d) tá comhaontú dliteanais conarthach nó reachtúil ag an máthairinstitiúid i mBallstát agus ag na fochuideachtaí a thugann cosaint do na hinstitiúidí sin agus a áirithíonn a gcuid leachtachta agus a gcuid sócmhainneachta go háirithe d'fhonn féimheacht a sheachaint i gcás ina bhfuil gá sin a dhéanamh;

▼B

(e) tá socruithe i bhfeidhm lena áirithiú go gcuifear acmhainn airgeadais ar fáil go pras i dtéarmaí caipitil agus leachtachta más gá faoin gcomhaontú dliteanais conarthach nó reachtúil dá dtagraítear i bpointe (d);

(f) déanann an t-údarás inniúil faireachán ar leordhóthanacht na socruithe dá dtagraítear i bpointe (d) agus (e) go rialta;

(g) tá íostréimhse fógartha10 mbliana ag fochuideachta imeacht dá deoin féin ón socrú dliteanais;

(h) tá sé de chumhacht ag an údarás inniúil cosc a chur ar fhochuideachta imeacht dá deoin féin ón socrú dliteanais;

▼M8

(128) ciallaíonn 'ítimí indáilte' méid an bhrabúis ag deireadh na bliana airgeadais deiridh móide aon bhrabús a thugtar ar aghaidh agus aon chúlchistí atá ar fáil chuige sin sula ndéanfar dáileacháin ar shealbhóirí ionstraimí cistí dílse lúide aon chaillteanais a thugtar ar aghaidh, aon bhrabúis atá neamh-indáilte de bhun dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta nó fhodhlíthe na hinstitiúide, agus aon suimeanna a chuirtear i gcúlchistí neamh-indáilte i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is nó le reachtanna na hinstitiúide, i ngach cás maidir le catagóir sonrach na n-ionstraimí cistí dílse lena mbaineann dlí an Aontais, an dlí náisiúnta, fodhlíthe na n-institiúidí nó reachtanna; agus brabúis, caillteanais agus cúlchistí den chineál sin á gcinneadh ar bhonn chuntas aonair na hinstitiúide seachas ar bhonn na gcuntas comhdhlúite;

▼M5

(129) ciallaíonn 'seirbhíseoir' seirbhíseoir mar a shainmhínítear i bpointe (13) d’Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2017/2402;

▼M8

(130) ciallaíonn 'údarás réitigh' údarás réitigh mar a shainmhínítear é i bpointe (18) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2014/59/AE;

▼M15

(130a) ciallaíonn 'údarás ábhartha tríú tír' údarás tríú tír mar a shonraítear in Airteagal 2(1), pointe (90), de Threoir 2014/59/AE;

▼M8

(131) ciallaíonn 'eintiteas réitigh' eintiteas réitigh mar a shainmhínítear é i bpointe (83a) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2014/59/AE;

(132) ciallaíonn 'grúpa réitigh' grúpa réitigh mar a shainmhínítear é i bpointe (83b) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2014/59/AE;

(133) ciallaíonn 'institiúid dhomhanda a bhfuil tábhacht shistéamach léi' nó 'G-SII' G-SII a sainaithníodh i gcomhréir le hAirteagal 131(1) agus (2) de Threoir 2013/36/AE;

(134) ciallaíonn 'institiúid dhomhanda neamh-AE a bhfuil tábhacht shistéamach léi 'nó' G-SII neamh-'AE grúpa banc domhanda lena bhfuil tábhacht shistéamach nó banc (G-SIBanna) nach G-SII é agus atá ar liosta na G-SIBanna a fhoilsíonn an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais, liosta a thabharfar cothrom le dáta go rialta;

(135) ciallaíonn 'fochuideachta ábhartha' fochuideachta a chomhlíonann, ar bhonn aonair nó ar bhonn comhdhlúite, aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

▼M8

(a) sealbhaíonn an fhochuideachta níos mó ná 5 % de shócmhainní comhdhlúite atá ualaithe ó thaobh priacal a máthairghnóthais bunaidh;

(b) gineann an fhochuideachta níos mó ná 5 % d'ioncam oibriúcháin iomlán a máthairghnóthais bunaidh;

(c) is mó tomhas iomlán na risíochtaí, dá dtagraítear in Airteagal 429(4) den Rialachán seo, atá ag an bhfochuideachta ná 5 % de thomhas comhdhlúite iomlán na risíochtaí atá ag a máthairghnóthas bunaidh;

chun cinneadh cé hí an fhochuideachta ábhartha, i gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagal 21b(2) de Threoir 2013/36/AE, glacfar leis an dá mháthairghnóthas idirmheánacha de chuid an Aontais mar fhochuideachta aonair ar bhonn a gcáis chomhdhlúite;

(136) ciallaíonn 'eintiteas G-SII' eintiteas ag a bhfuil pearsantacht dhlítheanach agus ar G-SII nó cuid de G-SII nó de G-SII neamh-AE é;

(137) ciallaíonn 'uirlis díluachála fiachais' uirlis díluachála fiachais mar a shainmhínítear í i bpointe (57) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2014/59/(AE);

(138) ciallaíonn 'grúpa' grúpa de ghnóthais ar institiúid é gnóthas amháin acu ar a laghad agus atá déanta de mháthairghnóthas agus dá fochuideachtaí, nó de ghnóthais a bhfuil baint acu lena chéile mar a leagtar amach ina Airteagal 22 de Threoir 2013/34/AE de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ([1]);

(139) ciallaíonn 'idirbheart maoinithe urrús' 'idirbheart athcheannaigh', idirbheart lena dtugtar nó lena bhfaightear urrúis nó tráchtearraí ar iasacht, nó idirbheart lena dtugtar corrlach ar iasacht;

(140) ciallaíonn 'corrlach tosaigh' nó 'CT' aon chomhthaobhacht, seachas an corrlach athrúcháin, a bailíodh ó eintiteas nó a postáladh chuige chun an risíocht atá ann faoi láthair agus an risíocht a d'fhéadfadh a bheith ann sa todhchaí ar idirbheart nó punann idirbheart le linn na tréimhse is gá chun na hidirbhearta sin a leachtú nó chun a bpriacal margaidh a athfhálú, tar éis mhainneachtain an chontrapháirtí san idirbheart nó i bpunann na n-idirbheart;

(141) ciallaíonn 'priacal margaidh' an priacal go dtiocfadh caillteanais as athruithe ar phraghsanna margaidh, lena n-áirítear rátaí malairte eachtraí nó praghsanna tráchtearraí;

(142) ciallaíonn 'priacal malairte eachtraí' an priacal go dtiocfadh caillteanais as athruithe ar rátaí malairte eachtraí;

(143) ciallaíonn 'priacal tráchtearraí' an priacal go dtiocfadh caillteanais as athruithe ar phraghsanna tráchtearraí;

(144) ciallaíonn 'deasc trádála', grúpa déileálaithe léir-shainaitheanta arna chur ar bun ag an institiúid chun comhbhainistiú a dhéanamh ar

([1]) Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus na tuarascálacha gaolmhara de chuid cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 78/660/CEE ón gComhairle agus Treoir 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

▼**M8**

phunann de shuíomhanna leabhair trádála i gcomhréir le straitéis ghnó chomhsheasmhach dhea-shainithe agus é ag oibriú faoin aon struchtúr bainistithe priacail amháin;

(145) ciallaíonn 'institiúid bheag neamhchasta' institiúid a chomhlíonann gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) nach institiúid mhór í;

(b) tá luach iomlán a sócmhainní ar bhonn aonair nó, más infheidhme, ar bhonn comhdhlúite i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le Treoir 2013/36/AE, ar an meán, cothrom le tairseach EUR 5 bhilliún thar an tréimhse ceithre bliana atá díreach roimh an tréimhse bhliantúil reatha tuairiscithe nó níos lú ná an tairseach sin; Is ceadmhach do Bhallstáit an tairseach sin a ísliú;

(c) níl sí faoi réir aon oibleagáidí, nó tá sí faoi réir oibleagáidí simplithe, i ndáil leis an bpleanáil téarnaimh agus réitigh i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir 2014/59/AE;

(d) rangaítear a gnó leabhar trádála mar ghnó beag de réir bhrí Airteagal 94(1);

(e) ní mó luach iomlán a suíomhanna díorthacha arna sealbhú le hintinn iad a thrádáil ná 2 % d'iomlán á sócmhainní laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe agus ní mó luach iomlán a suíomhanna díorthach ná 5 %, i gcás ina ríomhfar an dá luach sin i gcomhréir le hAirteagal 273a(3);

(f) baineann corradh le 75 % de shócmhainní iomlána agus comhdhlúite na hinstitiúide agus de dhliteanais iomlána chomhdhlúite na hinstitiúide, cé is moite de na risíochtaí laistigh de ghrúpa sa dá chás, baineann siad le gníomhaíochtaí le contrapháirtithe atá lonnaithe sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch;

(g) ní úsáideann an institiúid samhlacha inmheánacha chun freastal ar na ceanglais stuamachta i gcomhréir leis an Rialachán seo cé is moite d'fhochuideachtaí a bhaineann úsáid as samhlacha inmheánacha a forbraíodh ar leibhéal an ghrúpa, ar choinníoll go bhfuil an grúpa faoi réir na gceanglas maidir le nochtadh a leagtar síos in Airteagal 433a nó in Airteagal 433c ar leibhéal comhdhlúite;

(h) níor cuireadh agóid in iúl don údarás inniúil ag an institiúid i gcoinne a rangaithe mar institiúid bheag neamhchasta;

(i) ní dhearna an t-údarás inniúil cinneadh nach measfar an institiúid a bheith mar institiúid bheag neamhchasta ar bhonn anailís ar a méid, a hidirnascacht, a castacht nó ar a próifíl priacail;

(146) ciallaíonn 'institiúid mhór' institiúid a chomhlíonann aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) is 'G-SII' í;

(b) sainaithníodh í mar institiúid eile a bhfuil tábhacht shistéamach léi (O-SII) i gcomhréir le hAirteagal 131(1) agus (2) de Threoir 2013/36/AE;

(c) tá sí, sa Bhallstát ina bhfuil sí bunaithe, ar na trí institiúid is mó de réir luach iomlán na sócmhainní;

▼M8

(d) is comhionann le EUR 30 billiún nó níos mó ná sin é luach iomlán a sócmhainní ar bhonn aonair nó, más infheidhme, ar bhonn a cáis chomhdhlúite i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le Treoir 2013/36/AE;

(147) ciallaíonn 'fochuideachta mhór' cuideachta a cháilíonn mar institiúid mhór;

(148) ciallaíonn 'institiúid neamhliostaithe' institiúid nár eisigh urrúis a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte d'aon Bhallstát, de réir bhrí phointe (21) d'Airteagal 4(1) de Threoir 2014/65/AE;

(149) ciallaíonn 'tuarascáil airgeadais', chun críocha Chuid a hOcht, tuarascáil airgeadais de réir bhrí Airteagail 4 agus 5 de Threoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]);

▼M9

(150) ciallaíonn 'déileálaí tráchtearraí agus lamháltas astaíochtaí' gnóthas arb é a phríomhghnó eisiach seirbhísí nó gníomhaíochtaí infheistíochta a sholáthar i dtaca leis na díorthaigh tráchtearraí nó na conarthaí díorthach tráchtearraí dá dtagraítear i bpointí (5), (6), (7), (9) agus (10), díorthaigh lamháltas astaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (4), nó lamháltais astaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (11) de Roinn C d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE.

▼B

2. I gcás ina ndéantar tagairt sa Rialachán seo do mhaoin dhochorraithe, do mhaoin chónaithe nó do mhaoin tráchtála dhochorraithe nó do mhorgáiste ar mhaoin den chineál sin, áireofar léi nó leis scaireanna i gcuideachtaí tithíochta chónaithe Fionlannacha i gcomhréir leis an dlí Fionlannach maidir le cuideachtaí tithíochta (1991), nó i gcomhréir le reachtaíocht choibéiseach iardain. Féadfaidh na Ballstáit nó a n-údaráis inniúla a cheadú go láimhseálfar scaireanna atá ina sealúchais indíreacha mhaoine dochorraithe choibhéiseacha mar shealúchas díreach mhaoine dochorraithe ar an gcoinníoll go rialófar an sealúchas indíreach sin go sonrach i ndlí náisiúnta an Bhallstáit agus nuair a chuirfear i ngeall mar chomhthaobhacht é go soláthróidh sé cosaint choibhéiseach do chreidiúnaithe.

3. Bíonn maoiniú trádála mar dá dtagraítear i bpointe (80) de mhír 1 neamhcheangailteach de ghnáth agus éilíonn sé doiciméid tacaíochta idirbheartaíochta sásúla le haghaidh gach iarratais tarraingthe lena gceadófar an maoiniú a dhiúltú i gcás ina mbeidh amhras ar bith ann faoi hacmhainneacht creidmheasa nó faoi na doiciméid tacaíochta idirbheartaíochta. Bíonn aisíoc risíochtaí trádála airgeadais neamhspleách ón iasachtaí de ghnáth; ina ionad sin tagann na cistí ó airgead tirim a fuarthas ó allmhaireoirí nó bíonn siad mar thoradh ar fháltais ó na hearraí fholuiteacha a dhíol.

▼M8

4. Déanfaidh ÚBE caighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt lena sonrófar cé hiad na cásanna ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (39) de mhír 1.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Meitheamh 2020.

---

([1]) Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO L 390, 31.12.2004, lch. 38).

▼M8

Tarmligtear chuig an gCoimisiún an chumhacht chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

▼B

*Airteagal 5*

**Sainmhínithe is sonrach do cheaglais caipitil le haghaidh pricail chreidmheasa**

Chun críocha Chuid a Trí, Theideal II, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'neamhchosaint', sócmhainn nó ítim atá lasmuigh den chlár comhardaithe.

(2) ciallaíonn 'caillteanas' caillteanas eacnamaíoch, lena n-áirítear éifeachtaí lascainí móra, agus costais ábhartha dhíreacha agus indíreacha a bhaineann le hathghnóthú na hionstraime;

(3) ciallaíonn 'caillteanas ionchasach' nó CI, cóimheas na méide a cheaptar a chaillfear ar risíocht i ngeall ar mhainneachtain chontrapháirtí nó caolúchán thar thréimhse bliana leis an tsuim gan íoc tráth na mainneachtana;

TEIDEAL II

**LEIBHÉAL CUR I BHFEIDHM CEANGLAS**

*CAIBIDIL 1*

***Cur i bhfeidhm ceanglas ar bhonn aonair***

*Airteagal 6*

**Prionsabail ghinearálta**

▼M8

1. Déanfaidh institiúidí na hoibleagáidí a leagtar síos i gCodanna a Dó, a Trí, a Ceathair, a Seacht, a Seacht A agus a hOcht den Rialachán seo agus i gCaibidil 2 de Rialachán (AE) 2017/2402 a chomhlíonadh ar bhonn aonair, cé is moite de phointe (d) d'Airteagal 430(1) den Rialachán seo.

▼C7

1a. De mhaolú ar mhír 1 den Rialachán seo, is institiúidí a sainaithníodh mar eintitis réitigh, ar eintitis G-SII iad freisin, agus nach bhfuil fochuideachtaí acu, agus na hinstitiúidí sin amháin a chomhlíonfaidh na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 92a ar bhonn aonair.

▼M8

Comhlíonfaidh fochuideachtaí ábhartha de G-SII neamh-AE Airteagal 92b ar bhonn aonair i gcás ina gcomhlíonfaidh siad na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) ní eintitis réitigh iad;

(b) níl fochuideachtaí acu;

(c) ní fochuideachtaí iad de mháthairinstitiúid AE.

▼C2

2. Maidir le haon institiúid ar fochuideachta í sa Bhallstát ina bhfuil sí údaraithe agus maoirsithe nó ar máthairghnóthas í, agus maidir le haon institiúid a áirítear sa chomhdhlúthú de bhun Airteagal 18, ní cheanglófar uirthi nó air na hoibleagáidí atá leagtha síos in Airteagal 89, Airteagal 90 agus Airteagal 91 a chomhlíonadh ar bhonn aonair.

▼M8

3. Maidir le haon institiúid ar máthairghnóthas í nó ar fochuideachta í, agus gach institiúid a áirítear sa chomhdhlúthú de bhun Airteagal 18, ní cheanglófar uirthi nó air na hoibleagáidí atá leagtha síos i gCuid a hOcht a chomhlíonadh ar bhonn aonair.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo, comhlíonfaidh na hinstitiúidí dá dtagraítear i mír 1a den Airteagal seo Airteagal 437a agus pointe (h) d'Airteagal 447 ar bhonn aonair.

▼M9

4 Comhlíonfaidh institiúidí na hoibleagáidí a leagtar síos i gCuid a Sé agus i bpointe (d) d'Airteagal 430(1) den Rialachán seo ar bhonn aonair.

Ní bheidh sé de cheangal ar na hinstitiúidí seo a leanas cloí le hAirteagal 413(1) agus na ceanglais tuairiscithe leachtachta bhainteacha a leagtar síos i gCuid a Seacht A den Rialachán seo:

(a) institiúidí a údaraítear freisin i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;

(b) institiúidí a údaraítear freisin i gcomhréir le hAirteagal 16 agus pointe (a) d'Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1], ar choinníoll nach ndéanann siad aon tiontuithe aibíochta suntasacha; agus

(c) institiúidí a ainmnítear i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, ar choinníoll:

(i) go bhfuil a gcuid gníomhaíochtaí teoranta chuig seirbhísí de chineál baincéireachta, amhail dá dtagraítear i Roinn C den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin, a thairiscint do sheirbhísí do thaisclanna lárnacha urrús a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 16 den Rialachán sin,; agus

(ii) nach ndéanann siad aon tiontuithe aibíochta suntasacha.

5 Institiúidí a bhfuil an maolú a shonraítear in Airteagal 7(1) nó (3) den Rialachán seo feidhmithe ag údaráis inniúla ina leith, agus institiúidí a údaraítear freisin i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ní bheidh de cheangal orthu na hoibleagáidí a leagtar síos i gCuid a Seacht agus na ceanglais tuairiscithe cóimheasa luamhánaithe bhainteacha a leagtar síos i gCuid a Seacht A den Rialachán seo a chomhlíonadh ar bhonn aonair.

(1) Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoir 98/26/CE agus Treoir 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L 257, 28.8.2014, lch. 1).

▼B

*Airteagal 7*

**Maolú ar chur chun feidhme ceanglas stuamachta ar bhonn aonair**

1. Féadfaidh na húdaráis inniúla cur chun feidhme Airteagal 6(1) a tharscaoileadh i leith aon fhochuideachta de chuid institiúide, i gcás ina bhfuil an fhochuideachta agus an institiúid faoi réir údarú agus maoirseachta an Bhallstáit lena mbaineann, agus i gcás ina bhfuil an fhochuideachta ar áireamh sa mhaoirseacht ar bhonn comhdhlúite ar an institiúid arb í an mháthairghnóthas í, agus i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas go léir, d'fhonn a áirithiú go ndáiltear cistí dílse go leordhóthanach idir an máthairghnóthas agus na fochuideachtaí:

(a) ní ann d'aon bhac dlíthiúil, praiticiúil ná ábharach, ná súil le bac den sórt sin, leis an máthairghnóthas cistí dílse a aistriú agus dliteanais a aisíoc go pras;

(b) sásaíonn an máthairghnóthas an t-údarás inniúil maidir le bainistíocht stuama na fochuideachta agus tá sé fógartha aige, le cead ón údarás inniúil, go ráthaíonn sé na gealltanais arna ndéanamh ag an bhfochuideachta, nó neachtar acu tá priacail an fhochuideachta diomaibhseach;

(c) cuimsíonn nósanna imeachta rialaithe, tomhais agus meastóireachta priacal na máthairchuideachta an fhochuideachta freisin;

(d) tá os cionn 50 % de na cearta vótála a bhaineann le scaireanna i gcaipiteal na fochuideachta i seilbh na máthairchuideachta nó neachtar acu tá sé de cheart ag an máthairchuideachta formhór bhaill de chomhlacht bainistíochta na fochuideachta a cheapadh nó a chur as oifig.

2. Féadfaidh údaráis inniúla an rogha dá bhforáiltear i mír 1 a fheidhmiú i gcás ina bhfuil an mháthairchuideachta ina cuideachta shealbhaíochta airgeadais nó ina cuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha arna bunú in aon Bhallstát leis an institiúid, ar an gcoinníoll go bhfuil sí faoi réir na maoirseachta céanna a fheidhmítear maidir le hinstitiúidí, na caighdeáin atá leagtha síos in Airteagal 11(1) go háirithe.

3. Féadfaidh na húdaráis inniúla cur chun feidhme Airteagal 6(1) a tharscaoileadh maidir le máthairinstitiúid i mBallstát, i gcás go bhfuil an institiúid sin faoi réir údarú agus maoirseachta an Bhallstáit lena mbaineann, go bhfuil sí cuimsithe faoin maoirseacht ar bhonn comhdhlúite, agus go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas, d'fhonn a áirithiú go ndáiltear na cistí dílse go leormhaith ar an máthairchuideachta agus ar na fochuideachtaí:

(a) ní ann d'aon bhac dlíthiúil, praiticiúil ná ábharach, ná súil le bac den sórt sin, leis an máthairinstitiúid i mBallstát cistí dílse a aistriú agus dliteanais a aisíoc go pras;

(b) cuimsítear an mháthairinstitiúid i mBallstát leis na nósanna imeachta rialaithe, tomhais agus meastóireachta priacal atá ábhartha don mhaoirseacht chomhdhlúite;

An t-údarás inniúil a bhaineann úsáid as an mír seo, cuirfidh sé údaráis inniúla na mBallstát eile go léir ar an eolas ina leith.

▼B

*Airteagal 8*

**Maolú ar chur chun feidhme ceanglas leachtachta ar bhonn aonair**

1. Féadfaidh na húdaráis inniúla cur chun feidhme Chuid a Sé a tharscaoileadh i bpáirt nó ina iomláine maidir le hinstitiúid agus maidir lena fochuideachtaí go léir san Aontas, nó maidir le cuid acu, agus féadfaidh siad maoirseacht a dhéanamh orthu mar fhoghrúpa leachtachta aonair, fad a chomhlíonann siad na coinníollacha seo a leanas go léir:

(a) déanann an mháthairinstitiúid ar bhonn comhdhlúite nó institiúid fochuideachta ar bhonn fochomhdhlúite na hoibleagáidí a leagtar síos i gCuid a Sé a chomhlíonadh;

▼M8

(b) déanfaidh an mháthairinstitiúid ar bhonn comhdhlúite nó an institiúid fochuideachta ar bhonn fo-chomhdhlúite, maoirseacht i gcónaí ar shuíomhanna leachtachta gach institiúide den ghrúpa nó den fhoghrúpa atá faoi réir na tarscaoilte, déanfaidh sí faireachán agus maoirseacht i gcónaí ar shuíomhanna cistiúcháin gach institiúide den ghrúpa nó den fhoghrúpa i gcás ina dtarscaoilfear an ceanglas cóimheasa glanchistiúcháin chobhsaí (CGCC) a leagtar amach i dteideal IV de Chuid a Sé, agus áiritheoidh sí go mbeidh leibhéal leordhóthanach leachtachta ann agus, i gcás ina dtarscaoilfear ceanglas CGCC a leagtar amach i dteideal IV de Chuid a Sé, go mbeidh leibhéal leordhóthanach cistiúcháin chobhsaí ann i gcomhair na n-institiúidí sin uile;

▼B

(c) tá na hinstitiúidí tar éis dul i gconarthaí atá chun sástacht na n-údarás inniúil ina ndéantar foráil maidir le saorghluaiseacht maoine eatarthu chun cur ar a gcumas a n-oibleagáidí aonair agus comhpháirteacha a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite;

(d) ní ann d'aon bhac dlíthiúil, praiticiúil ná ábharach, ná súil le bac den sórt sin, maidir le comhlíonadh na gconarthaí dá dtagraítear i (c).

Faoin 1 Eanáir 2014, tabharfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le constaicí dlí ar bith a bhféadfadh sé dá mbarr gur dodhéanta a bheadh sé pointe (c) den chéad fhomhír a chur i bhfeidhm agus iarrtar air togra reachtach a dhéanamh, más iomchuí, faoin 31 Nollaig 2015 maidir le cé acu de na na constaicí sin ba cheart a bhaint.

2. Féadfaidh na húdaráis inniúla cur i bhfeidhm Chuid a Sé maidir le hinstitiúid agus maidir lena bhfochuideachtaí uile, nó cuid díobh, a tharscaoileadh ina iomláine nó i bpáirt, i gcás ina bhfuil institiúidí uile an fhoghrúpa leachtachta aonair údaraithe sa Bhallstát céanna agus ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha i mír 1.

3. I gcás ina bhfuil institiúidí uile an fhoghrúpa leachtachta aonair údaraithe i roinnt Ballstát, ní chuirfear mír 1 i bhfeidhm ach amháin tar éis an nós imeachta atá leagtha amach in Airteagal 21 a leanúint, agus ní dhéanfar é sin ach amháin i gcás institiúidí a n-aontaíonn a n-údaráis inniúla maidir leis na gnéithe seo a leanas:

(a) a measúnú ar chomhlíonadh na heagraíochta agus ar láimhseáil an priacal leachtachta leis na coinníollacha a cheanglaítear le hAirteagal 86 de Threoir (AE)201336 thar an bhfoghrúpa leachtachta aonair;

▼**M8**

(b) dáileadh méideanna, láthair agus úinéireacht na sócmhainní leachtacha arna gceangal atá le sealbhú laistigh den fhoghrúpa leachtachta aonair i gcás ina dtarscaoilfear an ceanglas maidir le cóimheas cumhdaigh ar leachtacht (LCR) mar a leagtar síos sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1), agus dáileadh méideanna agus suíomh an chistiúcháin chobhsaí atá ar fáil laistigh den fhoghrúpa leachtachta aonair i gcás ina dtarscaoilfear ceanglas CGCC a leagtar amach i dTeideal IV de Chuid a Sé;

(c) cinneadh a dhéanamh i ndáil le híosmhéid sócmhainní leachtacha atá le sealbhú ag institiúidí ar ina leith a tharscaoilfear cur chun feidhme cheanglas LCR a leagtar síos sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1) agus cinneadh a dhéanamh i ndáil le híosmhéid cistiúcháin chobhsaí atá ar fáil atá le sealbhú ag institiúidí ar ina leith a tharscaoilfear cur chun feidhme cheanglas CGCC a leagtar amach i dTeideal IV de Chuid a Sé;

▼**B**

(d) an gá atá le paraiméadair níos déine ná iad sin atá leagtha amach i gCuid a Sé;

(e) roinnt neamhshrianta faisnéise iomláine idir na húdaráis inniúla.

(f) tuiscint iomlán ar impleachtaí tarscaoilte den sórt sin.

►**C2** 4. Féadfaidh údaráis inniúla mír 1, mír 2 agus mír 2a a chur i bhfeidhm freisin maidir le hinstitiúidí atá ina mbaill den scéim chosanta institiúideach chéanna dá dtagraítear in Airteagal 113(7), ar an gcoinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha go léir atá leagtha síos ann, agus maidir le hinstitiúidí eile atá nasctha trí chaidreamh dá dtagraítear in Airteagal 113(6) ar an gcoinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha go léir atá leagtha síos ann. ◄ Sa chás sin, cinnfidh na húdaráis inniúla go bhfuil ceann amháin de na hinstitiúidí faoi réir na tarscaoilte chun Cuid a Sé a chomhlíonadh ar bhonn chás comhdhlúite na n-institiúidí go léir sa ghrúpa leachtachta aonair.

5. I gcás ina bhfuil tarscaoileadh tugtha faoi mhír 1 nó mhír 2, féadfaidh na húdaráis inniúla Airteagal 86 de Threoir 2013/36/AE, nó codanna de, a chur i bhfeidhm freisin, ar leibhéal an fhoghrúpa leachtachta aonair agus féadfaidh siad cur i bhfeidhm Airteagal 86 de Threoir 2013/36/AE, nó codanna de, ar bhonn aonair, a tharscaoileadh.

▼**M8**

6. Sa chás, i gcomhréir leis an Airteagal seo, go dtarscaoileann údarás inniúil, go páirteach nó go hiomlán, cur i bhfeidhm Chuid a Sé d'institiúid, féadfaidh sé cur i bhfeidhm na gceanglas tuairiscithe leachtachta gaolmhar faoi phointe (d) d'Airteagal 430(1) a tharscaoileadh freisin don institiúid sin.

▼**B**

*Airteagal 9*

**An modh comhdhlúthaithe aonair**

1. Faoi réir mhír 2 agus mhír 3 den Airteagal seo agus Airteagal 144(3) de Threoir (AE)201336, féadfaidh na húdaráis inniúla cead a thabhairt do mháthairinstitiúidí, ag meas gach cás ar a fhiúntas féin, fochuideachtaí a chomhlíonann na coinníollacha atá leagtha síos i

▼B

bpointí (c) agus (d) d'Airteagal 7(1) a ionchorprú i ríomh a gceanglas faoi Airteagal 6(1), i gcás gur leis an mháthairinstitiúid sin aon risíochtaí nó dliteanais ábharacha.

2. Ní cheadófar an láimhseáil a leagtar amach i mír 1 ach amháin i gcás ina léiríonn an mháthairinstitiúid go hiomlán do na húdaráis inniúla na dálaí agus na socruithe, lena n-áirítear socruithe dlí, a fhágann nach bhfuil aon bhac praiticiúil ná dlíthiúil ábharach ann, agus nach bhfuil súil le bac den chineál sin, maidir le haistriú pras chistí dílse, ná aisíoc dliteanas nuair atá siad dlite ón bhfochuideachta chuig a mháthairchuideachta.

3. I gcás ina bhfeidhmíonn údarás inniúil an discréid atá leagtha síos i mír 1, cuirfidh sé údaráis inniúla gach Ballstát eile ar an eolas ar bhonn rialta agus uair amháin sa bhliain ar a laghad, maidir le húsáid mhír 1 agus maidir leis na dálaí agus na socruithe dá dtagraítear i mír 2. I gcás ina bhfuil an fhochuideachta i dtríú tír, cuirfidh na húdaráis inniúla an fhaisnéis chéanna ar fáil d'údaráis inniúla na tríú tíre sin freisin.

*Airteagal 10*

**Tarscaoileadh maidir le hinstitiúidí creidmheasa atá cleamhnaithe go buan le comhlacht lárnach**

▼M8

1. Féadfaidh údaráis inniúla, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, cur i bhfeidhm na gceanglas a leagtar amach i gCodanna a Dó go hOcht den Rialachán seo agus i gCaibidil 2 de Rialachán (AE) 2017/2402 a tharscaoileadh go páirteach nó go hiomlán d'institiúid chreidmheasa amháin nó níos mó atá suite sa Bhallstát céanna agus atá cleamhnaithe go buan le comhlacht lárnach a dhéanann maoirseacht orthu agus atá bunaithe sa Bhallstát céanna, má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

▼B

(a) is dliteanais chomhpháirteacha agus leithleacha iad gealltanais an chomhlachta lárnaigh agus institiúidí cleamhnaithe, nó tá gealltanais a institiúidí cleamhnaithe ráthaithe go hiomlán ag an gcomhlacht lárnach;

(b) déantar faireachán ar shócmhainneacht agus ar leachtacht an chomhlachta lárnaigh agus na n-institiúidí cleamhnaithe uile ina n-iomlán ar bhonn chuntais chomhdhlúite na n-institiúidí sin;

(c) tá sé de chumhacht ag bainistíocht an chomhlachta lárnaigh treoracha a eisiúint do bhainistíocht na n-institiúidí cleamhnaithe.

▼C2

Féadfaidh Ballstáit an dlí náisiúnta atá ann cheana féin a choinneáil agus leas a bhaint as maidir leis an tarscaoileadhdá dtagraítear sa chéad fhomhír a chur i bhfeidhm a mhéid is nach mbeidh sé ag teacht salach ar an Rialachán sin nó ar Threoir 2013/36/AE.

▼B

2. Nuair a bheidh na húdaráis inniúla sásta go bhfuil na coinníollacha atá leagtha amach sa chéad mhír á gcomhlíonadh, agus má tá dliteanais agus gealltanais an chomhlachta lárnaigh ráthaithe go hiomlán ag na hinstitiúidí cleamhnaithe, féadfaidh na húdaráis inniúla cur i bhfeidhm Chodanna a Dó go dtí a ceathair agus cur i bhfeidhm Chodanna a Sé go dtí a hOcht a tharscaoileadh chuig an gcomhlacht lárnach ar bhonn aonair.

▼B

*CAIBIDIL 2*

***Comhdhlúthú stuamachta***

Roinn 1

**Cur i bhfeidhm ceanglas ar bhonn comhdhlúite**

▼M9

*Airteagal 10a*

**Ceanglais stuamachta a chur i bhfeidhm ar bhonn comhdhlúite i gcás inar máthairghnóthais na gnólachtaí infheistíochta**

Chun an chaibidil seo a chur i bhfeidhm, measfar gur máthairchuideachtaí sealbhaíochta airgeadais i mBallstát nó máthairchuideachtaí sealbhaíochta airgeadais de chuid an Aontais gnólachtaí infheistíochta i gcás inar máthairghnóthais institiúide nó gnólachta infheistíochta na gnólachtaí infheistíochta sin faoi réir an Rialacháin seo dá dtagraítear in Airteagal 1(2) nó (5) de Rialachán (AE) 2019/2033.

▼B

*Airteagal 11*

**Láimhseáil ghinearálta**

▼M8

1. Comhlíonfaidh máthairinstitiúidí i mBallstát, a mhéid agus ar an modh a leagtar amach in Airteagal 18, na hoibleagáidí a leagtar síos i gCodanna a Dó, a Trí, a Ceathair, a Seacht agus a Seacht A ar bhonn a gcáis chomhdhlúite, cé is moite de phointe (d) d'Airteagal 430(1). Bunóidh na máthairghnóthais agus a bhfochuideachtaí atá faoi réir an Rialacháin seo struchtúr eagraíochtúil iomchuí agus sásraí rialaithe inmheánaigh is iomchuí chun a áirithiú go ndéanfar na sonraí is gá chun an comhdhlúthú a phróiseáil go hiomchuí agus a chur ar aghaidh. Go háirithe, áiritheoidh siad go ndéanfaidh na fochuideachtaí sin nach bhfuil faoi réir an Rialacháin seo socruithe, próisis agus sásraí a chur chun feidhme chun comhdhlúthú iomchuí a áirithiú.

2. Chun a áirithiú go gcuirfear ceanglais an Rialacháin seo i bhfeidhm ar bhonn comhdhlúite, déanfaidh na téarmaí "institiúid", "máthairinstitiúid i mBallstát", "máthairinstitiúid AE" agus "máthairghnóthas", de réir an cháis, tagairt freisin don mhéid a leanas:

(a) cuideachta shealbhaíochta airgeadais nó cuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha arna formheas i gcomhréir le hAirteagal 21a de Threoir 2013/36/AE;

(b) institiúid ainmnithe a rialaíonn máthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais nó máthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha i gcás nach mbíonn an mháthairchuideachta sin faoi réir formheasa i gcomhréir le hAirteagal 21a(4) de Threoir 2013/36/AE;

(c) cuideachta shealbhaíochta airgeadais, cuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha nó institiúid a ainmnítear i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 21a(6) de Threoir 2013/36/AE.

▼M8

Is é cás comhdhlúite na máthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais nó na máthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha nach mbíonn faoi réir formheasa i gcomhréir le hAirteagal 21a(4) de Threoir 2013/36/AE a bheidh i gcás comhdhlúite gnóthais dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír den mhír seo. Is é cás comhdhlúite na máthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais nó na máthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha a bheidh i gcás comhdhlúite gnóthais dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír den mhír seo.

---

▼C7

3a. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, is máthairinstitiúidí a sainaithníodh mar eintitis réitigh ar eintitis G-SII iad agus iad sin amháin a chomhlíonfaidh Airteagal 92a den Rialachán seo ar bhonn comhdhlúite, a mhéid agus ar an modh a leagtar amach in Airteagal 18 den Rialachán seo.

▼M8

Is máthairghnóthais de chuid an Aontais Eorpaigh ar fochuideachta iad de G-SII neamh-AE agus nach eintitis réitigh iad, agus iadsan amháin, a chomhlíonfaidh Airteagal 92b den Rialachán seo ar bhonn comhdhlúite a mhéid agus ar an modh a leagtar amach in Airteagal 18 den Rialachán seo. I gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagal 21b(2) de Threoir 2013/36/AE, comhlíonfaidh an dá mháthairghnóthas idirmheánacha AE faoi seach, ar sainaithníodh go comhpháirteach iad mar fhochuideachta ábhartha, Airteagal 92b den Rialachán seo ar bhonn a gcáis chomhdhlúite.

▼M9

4. Comhlíonfaidh máthairinstitiúidí AE Cuid a Sé agus pointe (d) d'Airteagal 430(1) den Rialachán seo ar bhonn a staide comhdhlúite i gcás ina bhfuil institiúid creidmheasa nó gnólacht infheistíochta amháin nó níos mó sa ghrúpa atá údaraithe na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí infheistíochta a liostaítear i bpointí (3) agus (6) de Roinn A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE a sholáthar.

I gcás inar tugadh tarscaoileadh faoi Airteagal 8(1) go (5), déanfaidh na hinstitiúidí agus, i gcás inarb infheidhme, na cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais nó na cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha, ar cuid d'fhoghrúpa leachtachta iad, Cuid a Sé agus pointe (d) d'Airteagal 430(1) den Rialachán seo a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite nó ar bhonn fo-chomhdhlúite an fhoghrúpa leachtachta.

▼M8

5. I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 10 den Rialachán seo, comhlíonfaidh an comhlacht lárnach dá dtagraítear san Airteagal sin ceanglais Chuid a Dó go Cuid a hOcht den Rialachán seo agus Chaibidil 2 de Rialachán (AE) 2017/2402 ar bhonn chás comhdhlúite an iomláin arb éard atá ann an comhlacht lárnach i dteannta a institiúidí cleamhnaithe.

▼M8

6. De bhreis ar na ceanglais a leagtar síos i míreanna 1 go 5 den Airteagal seo, agus gan dochar d'fhorálacha eile an Rialacháin seo agus Threoir 2013/36/AE nuair a bheidh bonn cirt ann chun críocha maoirseachta de bharr shonraíochtaí priacail nó struchtúr caipitil institiúide, nó i gcás ina nglacfaidh na Ballstáit dlíthe náisiúnta lena gceanglófar go ndéanfar gníomhaíochtaí laistigh de ghrúpa baincéireachta a scaradh go struchtúrach, féadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal ar institiúid na hoibleagáidí a leagtar síos i gCodanna a Dó go dtí a hOcht den Rialachán seo agus i dTeideal VII de Threoir 2013/36/AE a chomhlíonadh ar bhonn fo-chomhdhlúite.

Beidh cur i bhfeidhm an chur chuige a leagtar amach sa chéad fhomhír gan dochar do mhaoirseacht éifeachtach ar bhonn comhdhlúite agus ní bheidh éifeachtaí díobhálacha díréireacha i gceist don chóras airgeadais i bpáirt nó ina iomláine i mBallstáit eile nó san Aontas ina iomláine ná ní fhoirmeoidh sé ná ní chruthóidh sé constaic i gcoinne fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

---

▼M15

*Airteagal 12a*

**Ríomh comhdhlúite le haghaidh G-SIInna ag a bhfuil il-eintitis réitigh**

I gcás inarb eintitis réitigh nó eintitis tríú tír iad dhá eintiteas G-SII ar a laghad agus an dá eintiteas sin mar chuid den G-SII céanna, agus i gcás inarb eintitis réitigh a bheadh iontu dá mbeidís bunaithe san Aontas, ríomhfaidh máthaireintiteas AE an G-SII sin an méid cistí dílse agus dliteanas incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 92a(1), pointe (a):

(a) maidir le gach eintiteas réitigh nó eintiteas tríú tír a bheadh ina eintiteas réitigh dá mbeadh sé bunaithe san Aontas;

(b) maidir le máthairinstitiúid AE amhail gurbh í an t-aon eintiteas réitigh de chuid an G-SII í.

Déanfar an ríomh dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír go heisiach ar bhonn chás comhdhlúite mháthairinstitiúid AE.

Gníomhóidh údaráis réitigh i gcomhréir le hAirteagail 45d(4) agus 45h(2) de Threoir 2014/59/AE.

▼M8

*Airteagal 13*

**Cur i bhfeidhm ceanglais maidir le nochtadh ar bhonn comhdhlúite**

1. Comhlíonfaidh máthairinstitiúidí AE Cuid a hOcht ar bhonn a gcáis chomhdhlúite.

Nochtfaidh fochuideachtaí móra máthairinstitiúidí AE an fhaisnéis a shonraítear in Airteagail 437, 438, 440, 442, 450, 451, 451a agus 453 ar bhonn aonair nó, más infheidhme i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le Treoir 2013/36/AE, ar bhonn fo-chomhdhlúite.

▼M8
▼C7

2. Déanfaidh institiúidí a sainaithníodh mar eintitis réitigh ar eintitis G-SII iad Airteagal 437a agus pointe (h) d'Airteagal 447 a chomhlíonadh ar bhonn cás comhdhlúite a ngrúpa réitigh.

▼M8

3. Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír de mhír 1 maidir le máthairinstitiúidí AE, máthairchuideachtaí sealbhaíochta airgeadais AE, máthairchuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha AE, nó eintitis réitigh má áirítear iad laistigh de nochtaí coibhéiseacha ar bhonn comhdhlúite ag máthairghnóthas atá bunaithe i dtríú tír.

Beidh feidhm ag an dara fomhír de mhír 1 maidir le fochuideachtaí máthairghnóthas atá suite i dtríú tír ina bhfuil na fochuideachtaí sin cáilithe mar fhochuideachtaí móra.

4. I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 10, comhlíonfaidh an comhlacht lárnach dá dtagraítear san Airteagal sin rialacha Chuid a hOcht ar bhonn chás comhdhlúite an chomhlachta lárnaigh. Beidh feidhm ag Airteagal 18(1) maidir leis an gcomhlacht lárnach agus láimhseálfar na hinstitiúidí cleamhnaithe mar fhochuideachtaí de chuid an chomhlachta lárnaigh.

*Airteagal 14*

**Ceanglais Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2017/2402 a chur i bhfeidhm ar bhonn comhdhlúite**

1. Cuirfear de cheangal ar mháthairghnóthais agus a bhfochuideachtaí atá faoi réir an Rialacháin seo na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2017/2402 a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite nó ar bhonn fo-chomhdhlúite, lena áirithiú go bhfuil na socruithe, na próisis agus na sásraí a cheanglaítear leis na forálacha sin comhsheasmhach agus comhtháite agus gur féidir aon sonraí agus aon fhaisnéis atá ábhartha do chuspóir na maoirseachta a chur ar fáil. Go háirithe, áiritheoidh siad go gcuireann fochuideachtaí nach bhfuil faoi réir an Rialacháin seo socruithe, próisis agus sásraí chun feidhme lena áirithiú go gcomhlíonfar na forálacha sin.

2. Cuirfidh institiúidí ualú priacail breise i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 270a den Rialachán seo nuair a bheidh Airteagal 92 den Rialachán seo á chur i bhfeidhm ar bhonn comhdhlúite nó fo-chomhdhlúite, má sháraítear na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2017/2402 ag leibhéal eintitis atá bunaithe i dtríú tír agus a áirítear sa chomhdhlúthú de réir Airteagal 18 den Rialachán seo má tá an sárú ábhartha de réir phróifíl priacail foriomlán an ghrúpa.

▼M9

————

▼B

Roinn 2

**Modhanna chun comhdhlúthú stuamachta a dhéanamh**

*Airteagal 18*

**Modhanna comhdhlúthaithe stuamachta**

▼M8

1. Na hinstitiúidí, na cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais agus na cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha nach mór dóibh na ceanglais dá dtagraítear i Roinn 1 a chomhlíonadh, ar bhonn a gcáis chomhdhlúite, déanfaidh siad comhdhlúthú iomlán ar gach institiúid agus institiúid airgeadais atá ina bhfochuideachtaí aige, nó, nuair is ábhartha, ina bhfochuideachtaí ag an máthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais chéanna nó ag máthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha. Ní bheidh feidhm ag míreanna 3 go 6 agus mír 9 den Airteagal seo i gcás ina mbeidh feidhm ag Cuid a Sé agus pointe (d) d'Airteagal 430(1) ar bhonn cás comhdhlúite institiúide, cuideachta shealbhaíochta airgeadais nó cuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha, nó ar bhonn cás fo-chomhdhlúite foghrúpa leachtachta mar a leagtar amach in Airteagail 8 agus 10.

Chun críocha Airteagal 11(3a), na hinstitiúidí nach mór dóibh na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 92a nó 92b a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite, déanfaidh siad comhdhlúthú ar na hinstitiúidí agus na hinstitiúidí airgeadais uile arb iad a bhfochuideachtaí iad sna grúpaí réitigh ábhartha.

2. Áireofar gnóthais seirbhísí coimhdeachta sa chomhdhlúthú sna cásanna a leagtar síos san Airteagal seo agus de réir na modhanna a leagtar síos san Airteagal seo.

3. I gcás ina bhfuil baint ag gnóthais lena chéile de réir bhrí Airteagal 22(7) de Threoir 2013/34/CE, socróidh na húdaráis inniúla conas a dhéanfar comhdhlúthú.

4. Cuirfidh an maoirseoir comhdhlúthaithe de cheangal go ndéanfar an comhdhlúthú comhréireach de réir na scaire caipitil a shealbhaíonn rannpháirtíochtaí in institiúidí agus in institiúidí airgeadais a bhainistíonn gnóthas a áirítear sa chomhdhlúthú mar aon le gnóthas amháin nó níos mó nach n-áirítear sa chomhdhlúthú, i gcás ina mbeidh dliteanas na ngnóthas sin teoranta don scair den chaipiteal atá ina seilbh.

5. I gcás rannpháirtíochtaí nó naisc chaipitiúla seachas iad sin dá dtagraítear i míreanna 1 agus 4, cinnfidh na húdaráis inniúla an bhfuil comhdhlúthú le déanamh agus conas a dhéanfar é. Go háirithe, féadfaidh siad úsáid an mhodha cothromais a cheadú nó a cheangal. Mar sin féin, ní hionann an modh sin a úsáid agus na gnóthais lena mbaineann a bheith ar áireamh faoin maoirseacht ar bhonn comhdhlúite.

6. Cinnfidh na húdaráis inniúla an bhfuil comhdhlúthú le déanamh agus conas a dhéanfar é sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina bhfuil, i dtuairim na n-údarás inniúil, tionchar suntasach ag institiúid ar institiúid amháin nó ar institiúid airgeadais amháin nó níos mó, ach gan seilbh a bheith aici ar rannpháirtíocht ná naisc chaipitiúla eile sna hinstitiúidí sin; agus

▼M8

(b) i gcás ina bhfuil dhá institiúid nó dhá institiúid airgeadais nó níos mó curtha faoi bhainistíocht aonair ach amháin más de bhun conartha, ar bhonn clásail atá ina meabhráin nó ar bhonn a n-airteagal comhlachais a dhéantar an méid sin.

Go háirithe, féadfaidh na húdaráis inniúla úsáid an mhodha a ndéantar foráil dó in Airteagal 22(7), (8) agus (9) de Threoir 2013/34/CEE a cheadú nó a éileamh. Ní hionann an modh sin a úsáid agus na gnóthais lena mbaineann a bheith ar áireamh faoin maoirseacht ar bhonn comhdhlúite.

7. I gcás ina bhfuil fochuideachta ag institiúid ar gnóthas é nach institiúid, institiúid airgeadais nó gnóthas seirbhísí coimhdeacha an gnóthas sin, nó i gcás ina bhfuil rannpháirtíocht ag institiúid i ngnóthas den sórt sin, beidh feidhm ag an modh cothromais leis an bhfochuideachta sin nó leis an rannpháirtíocht sin. Mar sin féin, ní hionann an modh sin a úsáid agus na gnóthais lena mbaineann a bheith ar áireamh faoin maoirseacht ar bhonn comhdhlúite.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh údaráis inniúla a cheadú d'institiúidí nó a éileamh orthu modh éagsúil a chur i bhfeidhm ar fhochuideachtaí nó rannpháirtíochtaí den chineál sin, lena n-áirítear an modh a cheanglaítear faoin gcreat cuntasaíochta infheidhme, ar choinníoll go ndéanfar an méid a leanas:

(a) nach bhfuil an modh cothromais á chur i bhfeidhm cheana ar an 28 Nollaig 2020;

(b) gur róthrom an t-ualach an modh cothromais a chur i bhfeidhm nó nach léirítear go leordhóthanach leis an modh cothromais na priacail don institiúid ón ngnóthas dá dtagraítear sa chéad fhomhír; agus

(c) nach mbíonn comhdhlúthú iomlán nó cionmhar ar an ngnóthas sin mar thoradh ar an modh a chuirtear i bhfeidhm.

8. Féadfaidh údaráis inniúla comhdhlúthú iomlán nó cionmhar a cheangal ar fhochuideachta nó ar ghnóthas ina bhfuil rannpháirtíocht ag institiúid i gcás nach institiúid, institiúid airgeadais nó gnóthas seirbhísí coimhdeacha é agus i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) ní gnóthas árachais, gnóthas árachais tríú tír, gnóthas athárachais, gnóthas athárachais tríú tír, cuideachta shealbhaíochta árachais nó gnóthas atá eisiata ó raon feidhme Threoir 2009/138/CE i gcomhréir le hAirteagal 4 den Treoir sin é an gnóthas;

(b) tá baol suntasach ann go gcinnfidh an institiúid tacaíocht airgeadais a chur ar fáil don ghnóthas sin agus é i gcruachás, in éagmais aon oibleagáidí conarthacha nó sa bhreis ar aon oibleagáidí conarthacha maidir le tacaíocht den sórt sin a chur ar fáil.

9. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na coinníollacha a shonrú ar dá réir a gcuirfear an comhdhlúthú i bhfeidhm sna cásanna dá dtagraítear i míreanna 3 go 6 agus mír 8.

▼M8

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2020.

Tarmligtear chuig an gCoimisiún an chumhacht chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

▼B

Roinn 3

**Raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta**

*Airteagal 19*

**Eintitis arna n-eisiamh ó raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta**

1. Aon institiúid, institiúid airgeadais nó gnóthas seirbhísí coimhdeacha atá ina fhochuideachta nó ina ghnóthas ina bhfuil seilbh ar rannpháirtíocht, ní gá í a áirithiú sa chomhdhlúthú i gcás ina bhfuil méid iomlán shócmhainní agus ítimí lasmuigh de chlár comhardaithe an ghnóthais lena mbaineann níos lú ná an ceann is ísle den dá shuim seo a leanas:

(a) EUR 10 milliún;

(b) 1 % de shuim iomlán shócmhainní agus ítimí lasmuigh de chlár comhardaithe an mháthairchuideachta nó an ghnóthais a shealbhaíonn an rannpháirtíocht.

2. Sna cásanna thíos féadfaidh na húdaráis inniúla atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar bhonn comhdhlúite de réir Airteagal 111 de Threoir (AE)201336 cinneadh a dhéanamh, ag meas gach cás ar a fhiúntas féin, nach gá a áirithiú sa chomhdhlúthú institiúid, institiúid airgeadais nó gnóthas seirbhísí coimhdeacha atá ina fhochuideachta nó ina sealbhaítear rannpháirtíocht:

(a) i gcás ina bhfuil an gnóthas lena mbaineann lonnaithe i dtríú tír ina bhfuil baic dhlíthiúla le haistriú na faisnéise is gá;

▼C2

(b) i gcás nach bhfuil ach tábhacht dhiomaibhseach ag an ngnóthas lena mbaineann i leith chuspóirí an fhaireacháin ar institiúidí;

►C3 (c) i gcás ina mbeadh sé mí-oiriúnach nó míthreorach comhdhlúthú a dhéanamh ar shuíomh airgeadais an ghnóthais lena mbaineann, a fhad a bhaineann le cuspóirí an fhaireacháin ar institiúidí ◄, dar leis an údarás inniúil atá freagrach as maoirseacht a fheidhmiú ar bhonn comhdhlúite.

3. Más rud é, sna cásanna dá dtagraítear i mír 1 agus i bpointe (b) de mhír 2, go gcomhlíonann roinnt gnóthas na critéir a leagtar amach iontu, áireofar iad sa chomhdhlúthú ina ainneoin sin i gcás ina bhfuil tábhacht dhiomaibhseach ag baint leo i dteannta a chéile i leith na gcuspóirí sainithe.

*Airteagal 20*

**Cinntí comhpháirteacha maidir le ceanglais stuamachta**

1. Oibreoidh na húdaráis inniúla lena chéile agus iad i lánchomhairle le chéile:

(a) i gcás iarratas ar an gcead dá dtagraítear in Airteagail 143(1), 151(4), 151(9), 283, 312(2), 363, faoi seach, arna chur isteach ag máthairinstitiúid AE agus a fhochuideachtaí, nó i gcomhpháirt a

▼B

chéile ag fochuideachtaí mháthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais AE nó máthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha AE, chun cinneadh a dhéanamh cé acu a thabharfar nó nach dtabharfar an cead atá á lorg agus chun na téarmaí agus na coinníollacha, más ann dóibh, a chinneadh, a mbeadh cead den chineál seo faoina réir;.

(b) chun a dhéanamh amach an bhfuil na critéir maidir le láimhseáil shonrach idirghrúpa dá dtagraítear in Airteagal 422(9) agus in Airteagal 425(5) arna gcomhlánú le caighdeáin teicniúla rialála an ÚBE dá dtagraítear in Airteagal 422(10) agus in Airteagal 425(6) á gcomhlíonadh.

Chuig an maoirseoir comhdhlúthaithe amháin a chuirfear iarratais isteach.

Beidh san iarratas dá dtagraítear in Airteagal 312(2) cur síos ar an modheolaíocht a úsáideadh chun caipiteal priacal oibriúcháin a leithdháileadh ar eintitis éagsúla an ghrúpa. Cuirfidh an t-iarratas in iúl an bhfuil sé beartaithe éifeachtaí an éagsúlaithe a chur san áireamh sa chóras chun priacal a thomhas, agus má tá, cén chaoi a ndéanfar sin.

2. Déanfaidh na húdaráis inniúla gach ní ar a gcumas chun teacht ar cheadh comhpháirteach laistigh de shé mhí maidir leis na nithe seo:

(a) an t-iarratas dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1;

(b) na critéir a mheas agus an láimhseáil shonrach dá dtagraítear i mír 1(b) a dhéanamh amach;

Beidh an cinneadh comhpháirteach seo leagtha amach i ndoiciméad ina mbeidh an cinneadh lán-réasúnaithe, doiciméad a chuirfidh an t-údarás inniúil dá dtagraítear i mír 1 ar fáil don iarratasóir.

3. Tosóidh an tréimhse dá dtagraítear i mír 2:

(a) an dáta a fhaigheann an maoirseoir comhdhlúthaithe an t-iarratas iomlán dá dtagraítear i mír 1(a). Cuirfidh an maoirseoir comhdhlúthaithe an t-iarratas iomlán ar aghaidh chuid na húdaráis inniúla eile gan mhoill;

(b) an dáta a fhaigheann na húdaráis inniúla tuarascáil arna hullmhú ag an maoirseoir comhdhlúthaithe ag déanamh anailíse ar thiomantais idirghrúpa laistigh den ghrúpa.

4. Mura dtagann na húdaráis inniúla ar cheadh comhpháirteach laistigh de shé mhí, déanfaidh an maoirseoir comhdhlúthaithe a chinneadh féin maidir le mír 1(a). Ní chuirfidh cinneadh an mhaoirseora comhdhlúthaithe teorainn ar chumhachtaí na n-údarás inniúil faoi Airteagal 105 de Threoir 2013/36/AE.

Beidh an cinneadh leagtha amach i ndoiciméad ina bhfuil an cinneadh lán-réasúnaithe agus cuirfear san áireamh ann tuairimí agus cúiseanna imní na n-údaráis inniúla eile, arna gcur in iúl le linn na tréimhse sé mhí.

Cuirfidh an maoirseoir comhdhlúthaithe an cinneadh seo ar fáil don mháthairinstitiúid AE, don mháthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais AE nó don mháthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha AE agus do na húdaráis inniúla eile.

▼B

Más rud é, ag deireadh na tréimhse sé mhí, go bhfuil aon cheann de na húdaráis inniúla tar éis an t-ábhar a chur faoi bhráid an ÚBE de réir Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, cuirfidh an maoirseoir comhdhlúthaithe a chinneadh maidir le mír 1(a) siar agus fanfaidh sé ar aon chinneadh a d'fhéadfadh an ÚBE a dhéanamh de réir Airteagal 19(3) den Rialachán sin maidir lenachinneadh, agus déanfaidh sé a chinneadh i gcomhréir le cinneadh an ÚBE. Measfar gurb é an tréimhse sé mhí an tréimhse idir-réitigh de réir bhrí an Rialacháin sin. Déanfaidh an ÚBE an cinneadh laistigh d'aon mhí amháin. Ní chuirfear an t-ábhar faoi bhráid an ÚBE tar éis dheireadh na tréimhse sé mhí ná tar éis cinneadh comhpháirteach a bheith déanta.

5. Mura dtagann na húdaráis inniúla ar cheadh comhpháirteach laistigh de shé mhí, déanfaidh an t-údarás inniúil atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an bhfochuideachta ar bhonn aonair a chinneadh féin maidir le mír 1(b).

Beidh an cinneadh leagtha amach i ndoiciméad ina bhfuil an cinneadh lán-réasúnaithe agus cuirfear san áireamh ann tuairimí agus cúiseanna imní na n -údaráis inniúla eile, arna gcur in iúl le linn na tréimhse sé mhí.

Cuirfidh an maoirseoir comhdhlúthaithe an cinneadh seo ar fáil don mhaoirseoir comhdhlúthaithe a thugann fógra don máthairinstitiúid AE, don mháthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais AE nó don mháthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha AE.

Más rud é, ag deireadh na tréimhse sé mhí, go bhfuil an maoirseoir comhdhlúthaithe tar éis an t-ábhar a chur faoi bhráid an ÚBE de réir Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, cuirfidh an t-údarás inniúil atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an bhfochuideachta ar bhonn aonair a chinneadh maidir le mír 1(b) den Airteagal seo siar agus fanfaidh sé ar aon chinneadh a fhéadfaidh an ÚBE a dhéanamh de réir Airteagal 19(3) den Rialachán sin maidir leis an gcinneadh sin, agus déanfaidh sé a chinneadh i gcomhréir le cinneadh an ÚBE. Measfar gurb é an tréimhse sé mhí an tréimhse idir-réitigh de réir bhrí an Rialacháin sin. Déanfaidh an ÚBE an cinneadh laistigh d'aon mhí amháin. Ní chuirfear an t-ábhar faoi bhráid an ÚBE tar éis dheireadh na tréimhse sé mhí ná tar éis cinneadh comhpháirteach a bheith déanta.

6. I gcás ina mbaineann máthairinstitiúid AE agus a fhochuideachtaí, fochuideachtaí mháthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais AE nó máthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha AE úsáid as Ardmhodh an Tomhais dá dtagraítear in Airteagal 312(2) nó cur chuige IBR dá dtagraítear in Airteagal 143 ar bhonn aontaithe, ceadóidh na húdaráis inniúla na critéir cháilíochta atá leagtha síos in Airteagal 321 agus in Airteagal 322 nó i gCuid a Trí, Teideal II, Caibidil 3, Roinn a Sé faoi seach, a chomhlíonadh trí bhreithniú a dhéanamh ar an máthairchuideachta agus na fochuideachtaí i dteannta a chéile, ar bhealach atá i gcomhréir le struchtúr, modheolaíochtaí, próisis agus córais bhainistíochta priacal an ghrúpa.

7. Déanfaidh na húdaráis inniúla sna Ballstáit lena mbaineann na cinntí dá dtagraítear i mír 2, i mír 4 agus i mír 5 a aithint mar chinntí cinntitheacha agus cuirfidh siad i bhfeidhm iad.

8. Forbróidh an ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme d'fhonn an próiseas a bhaineann leis an gcinneadh comhpháirteach dá dtagraítear i bpointe a (a) de mhír 1 a shonrú, maidir leis na hiarratais ar chead dá dtagraítear in Airteagail 143(1), 151(4), 151(9),283, 312(2), agus 363 d'fhonn cinntí comhpháirteacha a éascú.

▼B

Cuirfidh an ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2014.

Tugtar cumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 21*

**Cinntí comhpháirteacha maidir le leibhéal cur i bhfeidhm na gceanglas leachtachta**

1. Ar iarratas ó mháthairinstitiúid AE nó ó mháthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais AE nó ó mháthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha AE nó ó fhochuideachta fo-chomhdhlúthaithe de chuid máthairinstitiúide AE nó de chuid máthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais AE nó de chuid máthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha AE, déanfaidh an maoirseoir comhdhlúthaithe agus na húdaráis inniúla atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fhochuideachtaí mháthairinstitiúid AE nó máthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais AE nó máthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha AE, déanfaidh siad gach a bhfuil ar a gcumas chun teacht ar cheadh comhpháirteach maidir lena bhfuil coinníollacha phointí (a) go (d) d'Airteagal 8(1) á gcomhlíonadh agus lena sainaithneofar foghrúpa leachtachta amháin do chur chun feidhme Airteagal 8.

Déanfar an cinneadh comhpháirteach laistigh de sé mhí ón dáta a sheolann an maoirseoir comhdhlúthaithe isteach tuarascáil a shainaithníonn foghrúpaí leachtachta aonair ar bhonn na gcritéar atá leagtha síos in Airteagal 8. I gcás easaontú i rith na tréimhse sé mhí, rachaidh an maoirseoir comhdhlúthaithe i gcomhairle leis an ÚBE arna iarraidh sin d'aon cheann de na húdaráis inniúla eile atá i gceist. Féadfaidh an maoirseoir comhdhlúthaithe dul i gcomhairle leis an ÚBE as a stuaim féin.

Féadfaidh an cinneadh comhpháirteach srianta a chur freisin ar láthair agus ar úinéireacht sócmhainní leachtacha agus a cheangal go mbeidh íoslíon sócmhainní leachtacha ina seilbh ag institiúidí atá díolmhaithe ó chur chun feidhme Chuid a Sé.

Leagfar an cinneadh comhpháirteach amach i ndoiciméad ina léireofar an cinneadh lán-réasúnaithe a thíolacfaidh an maoirseoir comhdhlúthaithe do mháthairinstitiúid an fhoghrúpa leachtachta.

2. Mura ndéantar cinneadh comhpháirteach laistigh de shé mhí, tiocfaidh gach údarás inniúil atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar bhonn aonair ar a chinneadh féin.

Mar sin féin, féadfaidh aon údarás inniúil ábhartha dul i gcomhairle leis an ÚBE i rith na tréimhse sé mhí maidir le cé acu atá coinníollacha (a) go (d) d'Airteagal 8(1) á gcomhlíonadh nó nach bhfuil. Sa chás sin, is féidir leis an ÚBE idirghabháil neamhcheangailteach a dhéanamh de réir Airteagal 31(c) de Rialachán Uimh (AE) 1093/2010 agus Sa chás sin, cuirfidh na húdaráis inniúla go léir lena mbaineann a gcinntí siar go dtí go dtabharfar i gcrích an idirghabháil neamhcheangailteach. Más rud é nach dtagann na húdaráis inniúla ar chinneadh laistigh de thrí mhí, i rith na hidirghabhála, tiocfaidh gach údarás inniúil atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar bhonn aonair ar a chinneadh féin, agus comhréireacht na sochar agus na bpriacal ar leibhéal Bhallstáit na máthairinstitiúide á cur san áireamh mar aon le comhréireacht na sochar agus na bpriacal ar leibhéal Bhallstát na fochuideachta. Ní chuirfear an t-ábhar faoi bhráid an ÚBE tar éis dheireadh na tréimhse sé mhí ná tar éis cinneadh comhpháirteach a bheith déanta.

▼B

Beidh an cinneadh comhpháirteach dá dtagraítear i mír 1 agus na cinntí dá dtagraítear a dara fomhír den mhír seo ceangailteach.

3. Féadfaidh aon údarás inniúil ábhartha dul i gcomhairle leis an ÚBE freisin i rith na tréimhse sé mhí i gcás easaontais maidir le coinníollacha (a) go (d) d'Airteagal 8(3). Sa chás sin, is féidir leis an ÚBE idirghabháil neamhcheangailteach a dhéanamh de réir Airteagal 31(c) de Rialachán Uimh (AE) 1093/2010 agus, cuirfidh na húdaráis inniúla go léir lena mbaineann a gcinntí siar ar feitheamh chur i gcrích na hidirghabhála neamhcheangailtí. Más rud é nach dtagann na húdaráis inniúla ar chinneadh laistigh de thrí mhí, i rith na hidirghabhála, tiocfaidh gach údarás inniúil atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar bhonn aonair ar a chinneadh féin.

▼M8
▼C7

*Airteagal 22*

**Fo-chomhdhlúthú i gcás eintitis i dtríú tíortha**

1. Déanfaidh fo-institiúidí na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 89, 90 agus 91 agus i gCodanna a Trí, a Ceathair agus a Seacht agus na ceanglais ghaolmhara tuairiscithe a leagtar síos i gCuid a Seacht A a chur i bhfeidhm ar bhonn a gcáis fho-chomhdhlúite má tá institiúid nó institiúid airgeadais mar fhochuideachta i dtríú tír ag na hinstitiúidí sin, nó ag a máthairghnóthais sa chás gur cuideachta shealbhaíochta airgeadais nó cuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha é an máthairghnóthas, nó má tá rannpháirtíocht i ngnóthas den chineál sin i seilbh na n-institiúidí sin, nó a máthairghnóthais sa chás gur cuideachta shealbhaíochta airgeadais nó cuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha é an máthairghnóthas.

2. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh fo-institiúidí a roghnú gan na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 89, 90 agus 91 agus i gCodanna a Trí, a Ceathair agus a Seacht agus na ceanglais ghaolmhara tuairiscithe a leagtar síos i gCuid a Seacht A a chur i bhfeidhm ar bhonn a gcáis fho-chomhdhlúite más lú ná 10 % de mhéid iomlán na sócmhainní agus na n-ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe atá ag an bhfo-institiúid méid iomlán na sócmhainní agus na n-ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe atá ag na fochuideachtaí agus ag na rannpháirtíochtaí sna tríú tíortha.

▼B

*Airteagal 23*

**Gnóthais i dtríú tíortha**

Chun críocha maoirseacht a chur i bhfeidhm ar bhonn comhdhlúite de réir na Caibidle seo, beidh feidhm ag na téarmaí 'gnólacht infheistíochta', 'institiúid chreidmheasa', 'institiúid airgeadais' agus 'institiúid' maidir le gnóthais atá bunaithe i dtríú tíortha freisin, ar gnóthais iad a chomhlíonfadh sainiú na dtéarmaí sin in Airteagal 4 dá mba san Aontas a bheidís bunaithe.

*Airteagal 24*

**Luacháil na sócmhainní agus na n-ítimí lasmuigh den chlár-comhardaithe**

1. Cuirfear luacháil na sócmhainní agus na n-ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe i gcrích i gcomhréir leis an gcreat cuntasaíochta is infheidhme.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal go gcuirfidh na hinstitiúidí luacháil na sócmhainní agus na n-itimí lasmuigh den chlár comhardaithe i gcrích i gcomhréir leis na Caighdeáin Cuntasaíochta Idirnáisiúnta (CCI) 1, de réir mar is infheidhme faoi Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002.

▼B

CUID A DÓ

▼M8

**CISTÍ DÍLSE AGUS DLITEANAIS INCHÁILITHE**

▼B

TEIDEAL I

**EILIMINTÍ DE CHISTÍ DÍLSE**

*CAIBIDIL 1*

***Caipiteal Leibhéal 1***

*Airteagal 25*

**Caipiteal Leibhéal 1**

Is éard atá i gcaipiteal Leibhéal 1 institiúide suim chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 agus chaipiteal breise Leibhéal 1 na hinstitiúide.

*CAIBIDIL 2*

***Caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1***

Roinn 1

**Ítimí agus ionstraimí ghnáthchothromas leibhéal 1**

*Airteagal 26*

**Ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1**

1. Is éard atá in ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 institiúidí na nithe seo a leanas:

(a) ionstraimí caipitil, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 28, nó, i gcás inarb infhedhme,Airteagal 29;

(b) na cuntais scairbhisigh a bhaineann leis na hionstraimí dá dtagraítear i bpointe (a);

(c) tuilleamh coimeádta;

(d) ioncam cuimsitheach carntha eile;

(e) cúlchistí eile

(f) cistí do priacail baincéireachta ginearálta.

Ní aithneofar na hítimí dá dtagraítear i bpointe (c) go pointe (f) mar Ghnáthchothromas Leibhéal 1 ach amháin má tá siad ar fáil don institiúid lena úsáid láithreach, gan srian, chun priacail nó caillteanais a chumhdach a luaithe a thagann siad chun cinn.

2. Chun críocha phointe (c) de mhír 1, mura mbeidh cead faighte roimh ré ón údarás inniúil ní fhéadfaidh institiúidí brabúis eatramhacha nó brabúis dheireadh na bliana a chur ar áireamh i gcaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 sula mbeidh cinneadh foirmiúil déanta ag an institiúid á dhearbhú brabús nó caillteanas deiridh na hinstitiúide don bhliain. Tabharfaidh an t-údarás inniúil cead i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

▼B

(a) go mbeidh fíorú déanta ar na brabúis sin ag daoine atá neamhspleách ar an institiúid atá freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar chuntais na hinstitiúide sin;

(b) go mbeidh sé léirithe ag an institiúid chun shásamh an údaráis inniúil go bhfuil aon mhuirear nó díbhinn intuartha asbhainte ó mhéid na mbrabús sin.

Tabharfaidh fíorú ar bhrabúis eatramhacha nó ar bhrabúis deiridh bliana na hinstitiúide leibhéal leormhaith forchinntithe go bhfuil meastóireacht déanta ar na brabúis sin de réir na bprionsabal atá leagtha amach sa chreat cuntasaíochta is infheidhme.

▼M8

3. Déanfaidh na húdaráis inniúla meastóireacht ar a bhfuil na critéir a leagtar síos in Airteagal 28, nó, i gcás inarb infheidhme, Airteagal 29 á gcomhlíonadh ag eisiúintí ionstraimí caipitil. Ní aicmeoidh na hinstitiúidí eisiúintí ionstraimí caipitil mar ionstraimí Gnáthchothromas Leibhéal 1 ach amháin tar éis cead a fháil ó na húdaráis inniúla.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh na hinstitiúidí eisiúintí a dhéanfar ina dhiaidh sin i bhfoirm ionstraimí Gnáthchothromas Leibhéal 1 dár tugadh cead don institiúid cheana féin, a aicmiú mar ionstraimí Gnáthchothromas Leibhéal 1, ar choinníoll go gcomhlíontar ar dá choinníoll seo a leanas:

(a) gurb ionann, a bheag nó a mhór, na forálacha lena rialaítear na heisiúintí sin a dhéanfar ina dhiaidh sin agus na forálacha lena rialaítear na heisiúintí sin dár tugadh cead don institiúid cheana féin;

(b) gur thug na hinstitiúidí fógra luath go leor do na húdaráis inniúla faoi na heisiúintí sin a dhéanfar ina dhiaidh sin sula ndéanfar iad a aicmiú mar ionstraimí Gnáthchothromas Leibhéal 1.

Rachaidh na húdaráis inniúla i gcomhairle le ÚBE sula dtabharfaidh siad an cead sin le haghaidh cineálacha nua ionstraimí caipitil a aicmiú mar ionstraimí Gnáthchothromas Leibhéal 1. Tabharfaidh na húdaráis inniúla aird chuí ar thuairim ÚBE agus, i gcás ina gcinnfidh siad imeacht uaithi, scríobhfaidh siad chuig ÚBE laistigh de thrí mhí ón dáta a bhfaighidh siad tuairim ÚBE, d'fhonn an réasúnaíocht ba bhun leis an imeacht sin uaithi a leagan amach. Níl feidhm ag an bhfomhír seo maidir leis na hionstraimí caipitil dá dtagraítear in Airteagal 31.

Ar bhonn na faisnéise a bhailítear ó na húdaráis inniúla, déanfaidh ÚBE liosta d'fhoirmeacha uile ionstraimí caipitil a bhunú, a chothabháil agus a fhoilsiú i ngach Ballstát, ar ionstraimí iad a cháilíonn mar ionstraimí Gnáthchothromas Leibhéal 1. I gcomhréir le hAirteagal 35 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, féadfaidh ÚBE aon fhaisnéis a bhailiú i ndáil le hionstraimí Gnáthchothromas Leibhéal 1 a mheasann sé is gá chun a bhunú go gcomhlíonfar na critéir a leagtar amach in Airteagal 28, nó i gcás inarb infheidhme, in Airteagal 29 den Rialachán seo, agus d'fhonn an liosta dá dtagraítear san fhomhír seo a chothabháil agus a nuashonrú.

I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh de réir an phróisis a leagtar amach in Airteagal 80, agus i gcás ina bhfuil fianaise leordhóthanach nach gcomhlíonann na hionstraimí caipitil ábhartha na critéir a leagtar amach in Airteagal 28, nó, i gcás inarb infheidhme, in Airteagal 29, nó gur scoir siad den chomhlíonadh sin, is ceadmhach do ÚBE a chinneadh gan na hionstraimí dá dtagraítear sa cheathrú fomhír a chur leis an liosta sin nó iad a bhaint den liosta, de réir an cháis. Tabharfaidh ÚBE fógra chun na críche sin ina dtagrófar freisin do sheasamh an údaráis inniúil ábhartha i leith an ábhair féin. Níl feidhm ag an bhfomhír seo maidir leis na hionstraimí caipitil dá dtagraítear in Airteagal 31.

▼B

4. Forbróidh an ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun an bhrí atá le 'intuartha' a shonrú d'fhonn a chinneadh ar asbhaineadh aon dhíbhinn nó muirear intuartha.

▼C1

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Iúil 2013.

▼B

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 27*

**Ionstraimí caipitil cumann frithpháirteach, comharchumann, institiúidí coigiltis nó institiúidí comhchosúla in ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1**

1. Cuimseoidh ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 aon ionstraim chaipitil arna heisiúint ag institiúid faoina théarmaí reachtúla ar na gcoinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá an institiúid den chineál sin a shainítear faoin dlí náisiúnta infheidhme agus a mheasann údaráis inniúla a bheith mar cheann ar bith díobh seo a leanas:

(i) cumann frithpháirteach;

(ii) comharchumann;

(iii) institiúid coigiltis;

(iv) institiúid den chineál sin;

(v) institiúid chreidmheasa atá faoi úinéireacht iomlán cheann amháin de na hinstitiúidí dá dtagraitear i bpointí (i) go (iv), agus a bhfuil cead faighte aici ón údarás inniúil ábhartha leas a bhaint as forálacha an Airteagail seo ar an gcoinníoll agus a mhéid is go bhfuil 100 % de na gnáthscaireanna atá eisithe san institiúid chreidmheasa á sealbhú, go díreach nó go neamhdhíreach, ag institiúid dá dtagraítear sna pointí sin;

(b) comhlíontar na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 28 nó, i gcás inarb infheidhme Airteagal 29;

Na cumainn frithpháirteacha, na comharchumainn, na hinstitiúidí coigiltis nó na hinstitiúidí cosúla sin a aithníodh amhlaidh faoin dlí náisiúnta ab infheidhme roimh an 31 Nollaig 2012, leanfar dá n-aicmiú amhlaidh chun críocha na Coda seo, ar choinníoll go mbeidh na critéir lenar cinneadh an t-aitheantas sin á gcomhlíonadh acu i gcónaí.

2. Forbróidh an ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na coinníollacha ar dá réir a dhéanfaidh údaráis inniúla cinneadh go gcáilíonn cineál gnóthais a aithnítear faoin dlí náisiúnta infheidhme mar chumann frithpháirteach, mar chomharchumann, mar institiúid coigiltis nó mar institiúid eile den chineál sin chun críocha na Coda seo.

▼C1

Cuirfidh an ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Iúil 2013.

▼B

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na dréacht caighdeáin theicniúla rialála sin dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

▼B

*Airteagal 28*

**Ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1**

1. Ní cháileoidh ionstraimí caipitil mar ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) is í an institiúid féin a eisíonn na hionstraimí le cead roimh ré ó úinéirí na hinstitiúide, nó, i gcás ina bhfuil sé ceadmhach faoin dlí náisiúnta infheidhme, is é comhlacht bainistíochta na hinstitiúide a eisíonn;

▼M8

(b) tá na hionstraimí lániocetha agus ní dhéanann an institiúid, go díreach nó go hindíreach, éadáil úinéireacht na n-ionstraimí sin a chistiú;

▼B

(c) comhlíonann na hionstraimí na coinníollacha seo a leanas go léir maidir lena n-aicmiú:

(i) cáilíonn siad mar chaipiteal de réir bhrí Airteagal 22 de Threoir 86/635/CEE;

(ii) tá siad aicmithe mar chothromas de réir bhrí an chreata chuntasaíochta is infheidhme;

(iii) tá siad aicmithe mar chaipiteal cothromais chun críocha dócmhainneacht chlár comhardaithe a chinneadh, nuair is infheidhme faoin dlí dócmhainneachta náisiúnta;

(d) tá na hionstraimí nochta go soiléir agus go leithleach ar an gclár comhardaithe i ráitis airgeadais na hinstitiúide;

(e) is ionstraimí síoraí iad;

(f) ní féidir príomhshuim na n-ionstraimí a laghdú ná a aisíoc, seachas i gceann de na cásanna seo a leanas:

(i) leachtú na hinstitiúide;

(ii) athcheannach lánroghnach na n-ionstraimí nó bealaí lánroghnacha eile chun caipiteal a laghdú, i gcás ina bhfuil cead faighte roimh ré ag an institiúid ón údarás inniúil i gcomhréir le Airteagal 77;

(g) ní thugtar le fios go sainráite nó go hintuigthe sna forálacha a rialaíonn na hionstraimí go ndéanfaí nó go bhféadfaí príomhmhéid na n-ionstraimí a laghdú nó a aisíoc seachas trí leachtú na hinstitiúide, agus ní thugann an institiúid é sin le fios ar aon slí eile roimh ná le linn eisiúint na n-ionstraimí, cé is moite de chás na n-ionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 27 ina bhfuil toirmeasc faoin dlí náisiúnta infheidhme ar an institiúid diúltú ionstraimín chineál sin a fhuascailt;

(h) comhlíonann na hionstraimí na coinníollacha seo a leanas maidir le dáileacháin:

(i) ní hann do láimhseáil fhabhrach dáileacháin maidir le hord na n-íocaíochtaí dáileacháin, lena n-áirítear i leith ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1, agus ní chuirtear ar fáil leis na téarmaí lena rialaítear na hionstraimí cearta fabhracha i leith íoc na ndáileachán;

▼B

(ii) is as ítimí indáilte amháin is féidir dáileacháin ar shealbhóirí na n-ionstraimí a íoc;

(iii) níl caidhp ná srian eile ar an uasleibhéal dáileacháin sna coinníollacha lena rialaítear na hionstraimí, seachas i gcás na n-ionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 27.

(iv) ní chinntear an leibhéal dáileachán ar bhonn na méide a íocadh as na hionstraimí tráth a n-eisithe, seachas i gcás na n-ionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 27;

(v) sna coinníollacha lena rialaítear na hionstraimí níl aon oibleagáid ar an institiúid dáileacháin a dhéanamh ar a sealbhóirí, agus níl aon oibleagáid den chineál sin ar an institiúid ar aon slí eile;

(vi) ní ionann neamhíoc na ndáileachán agus mainneachtain na hinstitiúide;

(vii) ní fhorchuireann an cealú dáileachán aon srianta ar an institiúid;

(i) i gcomparáid leis na hionstraimí caipitil uile arna n-eisiúint ag an institiúid, ionsúnn na hionstraimí an chéad sciar caillteanas, is é sin an sciar is mó go comhréireach, de réir mar a tharlaíonn siad, agus ionsúnn gach ionstraim caillteanais sa mhéid chéanna is a ionsúnn gach ionstraim Ghnáthchothromas Leibhéal 1 eile iad;

(j) tá na hionstraimí aicmithe faoi bhun gach éileamh eile i gcás dhócmhainneacht nó leachtacht na hinstitiúide;

(k) tugann na hionstraimí an teidlíocht do na húinéirí éileamh a dhéanamh ar shócmhainní iarmharacha na hinstitiúidí, éileamh atá, i gcás leachtachta agus tar éis gach éileamh sinsearach a bheith íoctha, comhréireach le méid na n-ionstraimí a eisíodh agus nach bhfuil socraithe nó faoi réir caidhpe, seachas i gcás na n-ionstraimí caipitil dá dtagraítear in Airteagal 27;

(l) níl na hionstraimí urraithe, ná faoi réir ráthaíochta lena gcuirtear le sinsearacht an éilimh ag aon cheann díobh seo a leanas:

(i) an institiúid nó a fochuideachtaí;

(ii) máthairghnóthas na hinstitiúide nó fochuideachtaí na hinstitiúide;

(iii) an mháthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais nó a fochuideachtaí;

(iv) an chuideachta shealbhaíochta ghníomhaíochtaí measctha nó a fochuideachtaí;

(v) an chuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha agus a fochuideachtaí;

(vi) aon ghnóthas a bhfuil dlúthnaisc aige leis na heintitis dá dtagraítear i bpointe (i) go pointe (v);

(m) níl na hionstraimí faoi réir aon socrú, is cuma cé acu socrú conarthach nó conradh de chineál eile é, a chuireann le sinsearacht na n-éileamh faoi na hionstraimí i gcás dócmhainneachta nó leachtachta.

▼B

Measfar go gcomhlíontar an coinníoll a leagtar amach i bpointe (j) den chéad fhomhír, d'ainneoin go n-áirítear na hionstraimí i gCaipiteal Breise Leibhéal 1 agus i gCaipiteal Leibhéal 2 de bhua Airteagal 484(3), ar choinníoll go bhfuil siad ar chomhchéim.

▼M8

Chun críocha phointe (b) den chéad fhomhír, ní bheidh ach an chuid den ionstraim chaipitil atá lánıoctha i dteideal a cháilithe mar ionstraim Gnáthchothromais Leibhéal 1.

▼B

2. Measfar go gcomhlíontar na coinníollacha atá leagtha síos i bpointe (i) de mhír 1 d'ainneoin díluacháil ar bhonn buan ar phríomhshuim ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 nó Chaipiteal Leibhéal 2.

Measfar go gcomhlíontar an coinníoll atá leagtha síos i bpointe (f) de mhír 1 d'ainneoin an laghdú ar phríomhshuim na hionstraime caipitil laistigh de nós imeachta réitigh nó mar thoradh ar díluacháil ar ionstraimí caipitil a éilíonn an t-údarás réitigh atá freagrach as an institiúid.

Measfar go gcomhlíontar an coinníoll atá leagtha síos i bpointe (g) de mhír 1 d'ainneoin na bhforálacha lena rialaítear an ionstraim caipitil ina dtugtar le fios go sainráite nó go hintuigthe go ndéanfaí nó go bhféadfaí príomhmhéid na hionstraime a laghdú laistigh de nós imeachta réitigh nó mar thoradh ar díluacháil ar ionstraimí caipitil a éilíonn an t-údarás réitigh atá freagrach as an institiúid.

3. Measfar go gcomhlíonfar an coinníoll atá leagtha síos i bpointe (h)(iii) de mhír 1 d'ainneoin na hionstraime lena n-íoctar iolraí díbhinne, ar choinníoll nach ndáiltear an t-iolraí díbhinne sin ar bhealach a chuireann ró-ualach díréireachach ar chistí dílse.

▼M8

Measfar go gcomhlíonfar an coinníoll a leagtar amach i bpointe (h)(v) den chéad fhomhír de mhír 1 d'ainneoin fochuideachta a bheith faoi réir comhaontú leis an máthairghnóthas maidir le brabús agus caillteanas a aistriú, ar dá réir a bhfuil sé d'oibleagáid ar an bhfochuideachta an toradh bliantúil a aistriú chuig an máthairghnóthas, tar éis di a ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú, i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha uile a leanas:

(a) gur leis an máthairghnóthas 90 %, nó níos mó, de chearta vótála agus de chaipiteal na fochuideachta;

(b) go bhfuil an máthairghnóthas agus an fhochuideachta lonnaithe sa Bhallstát céanna;

(c) gur chun críocha dlisteanacha cánach a tugadh an comhaontú i gcrích;

(d) go bhfuil sé de rogha ag an bhfochuideachta suim na ndáileachán a laghdú, agus an ráiteas airgeadais bliantúil á ullmhú aici, trí chuid dá brabús nó an brabús ar fad a leithdháileadh ar a cúlchistí dílse nó ar a cistí do phriacal baincéireachta ginearálta sula ndéanfaidh sí aon íocaíocht leis an máthairghnóthas;

(e) go bhfuil sé d'oibleagáid ar an máthairghnóthas faoin gcomhaontú sin an fhochuideachta a chúiteamh go hiomlán ar na caillteanais uile a thabhaíonn sí;

(f) go bhfuil an comhaontú faoi réir tréimhse fógra ar dá réir is féidir an comhaontú a fhoirceannadh faoi dheireadh na bliana cuntasaíochta, agus faoi sin amháin, agus éifeacht ag an bhfoirceannadh sin tráth nach luaithe ná tosach na bliana cuntastaíochta dár gcionn,

▼M8

rud a fhágann nach dtagann aon athrú ar an oibleagáid atá ar an máthairghnóthas an fhochuideachta a chúiteamh go hiomlán ar na caillteanais uile a thabhaíonn sí le linn na bliana cuntasaíochta reatha.

I gcás ina bhfuil comhaontú maidir le brabús agus caillteanas a aistriú déanta ag institiúid, tabharfaidh sí fógra don údarás inniúil gan mhoill agus cuirfidh sí cóip den chomhaontú ar fáil don údarás inniúil. Tabharfaidh an institiúid fógra freisin don údarás inniúil gan mhoill má thagann aon athrú ar an gcomhaontú maidir le brabús agus caillteanas a aistriú agus má fhoirceanntar é. Ní dhéanfaidh institiúid níos mó ná aon chomhaontú amháin maidir le brabús agus caillteanas a aistriú.

▼B

4. Chun críche phointe (h)(i) de mhír 1, nídhéanfar ach cearta vótála difreáilte, agus iad sin amháin, a léiriú i ndáileadh difreáilte. Ar an gcaoi sin, ní bheidh dáileadh níos airde i bhfeidhm ach amháin maidir le hionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 lena ngabhann níos lú cearta vótála nó nach ngabhann cearta vótála ar bith leo.

5. Forbróidh an ÚBE dréacht-chaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na nithe seo a leanas a shonrú:

(a) leaganacha agus cineálacha maoinithe indírigh ionstraimí caipitil is infheidhme;

(b) Cé acu a gcuirfeadh ildáileacháin ró-ualach díréireach ar chistí dílse agus dá gcuirfeadh, cathain;

(c) an bhrí atá le dáileacháin fhabhracha;

▼C1

Cuirfidh an ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Iúil 2013.

▼B

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 29*

**Ionstraimí caipitil arna n-eisiúint ag cumainn fhrithpháirteacha, ag comharchumainn, ag institiúidí coigiltis agus ag institiúidí atá cosúil leo**

1. Ionstraimí caipitil arna n-eisiúint ag cumainn fhrithpháirteacha, ag comharchumainn, ag institiúidí coigiltis agus ag institiúidí atá cosúil leo, ní cháileoidh siad mar ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 28 mar aon le modhnuithe a thig as an Airteagal seo a chur i bhfeidhm.

2. Comhlíonfar na coinníollacha seo a leanas maidir le fuascailt na n-ionstraimí caipitil:

(a) seachas i gcás ina dtoirmeasctear é faoin dlí náisiúnta infheidhme, beidh sé ar chumas na hinstitiúide fuascailte na n-ionstraimí a dhiúltú;

(b) i gcás ina bhfuil toirmeasc faoin dlí náisiúnta infheidhme ar an institiúid diúltú ionstraimí a fhuascailt, cuirfidh na forálacha a rialaíonn na hionstraimí ar chumas na hinstitiúide a bhfuascailt a theorannú;

▼B

(c) ní teagmhas mainneachtana de chuid na hinstitiúide a bheidh i ndiúltú na hionstraimí a fhuascailt, ná i dteorainn a chur le fuascailt na n-ionstraimí nuair is infheidhme.

3. Ní fhéadfaidh caidhp ná srian ar an uasleibhéal dáileacháin a bheith sna hionstraimí caipitil ach amháin i gcás ina bhfuil an chaidhp nó an srian sin leagtha amach faoin dlí náisiúnta infheidhme nó faoi reacht na hinstitiúide.

4. I gcás ina gcuireann na hionstraimí caipitil cearta ar fáil don úinéir maidir le cúlchistí na hinstitiúide i gcás dócmhainneachta nó leachtachta atá teoranta do luach ainmniúil na n-ionstraimí, beidh feidhm ag teorainn den chineál sin sa mhéid chéanna i gcás shealbhóirí uile gach ionstraim Ghnáthchothromas Leibhéal 1 arna heisiúint ag an institiúid sin.

An coinníoll a leagtar síos sa chéad fhomhír, ní dochar é don deis a bheith ag cumann frithpháirteach, ag comharchumann, ag institiúid coigiltis nó ag institiúid atá cosúil leis ionstraimí a aithint laistigh de Ghnáthchothromas Leibhéal 1 nach mbronntar cearta vótála don sealbhóir leo agus lena gcomhlíontar an dá choinníoll seo araon a leanas:

(a) éileamh shealbhóirí na n-ionstraimí neamh-vótala i ndócmhainneacht nó i leachtacht na hinstitiúide, is comhréireach é le scair na n-ionstraimí iomlána sin de chuid Ghnáthchothromas Leibhéal 1 arb ionann í agus na hionstraimí neamh-vótála sin;

(b) cáilíonn na hionstraimí ar shlí eile mar ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1.

5. I gcás ina dtugann na hionstraimí caipitil teidlíocht do na húinéirí éileamh a dhéanamh ar shócmhainní na hinstitiúidí i gcás dócmhainneachta nó leachtachta atá socraithe nó faoi réir caidhpe, beidh feidhm ag teorainn den chineál sin sa mhéid chéanna i gcás shealbhóirí uile gach ionstraim Ghnáthchothromas Leibhéal 1 arna eisiúint ag an institiúid.

6. Forbróidh an ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun sainiú a dhéanamh na cineálacha teorainneacha is gá ar fhuascailt, i gcás ina bhfuil toirmeasc faoin dlí náisiúnta infheidhme ar an institiúid diúltú ionstraimí cistí dílse a fhuascailt.

▼C1

Cuirfidh an ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Iúil 2013.

▼B

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir lehAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 30*

**Na hiarmhairtí nuair a scoirtear de bheith ag comhlíonadh na gcoinníollacha maidir le hionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1**

Beidh feidhm acu seo a leanas, i gcás ionstraim Ghnáthchothromas Leibhéal 1, nuair a scoirtear de bheith ag comhlíonadh na gcoinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 28 nó, i gcás inarb infheidhme, Airteagal 29:

▼B

(a) scoirfidh an ionstraim láithreach bonn de bheith cáilithe mar ionstraim Ghnáthchothromas Leibhéal 1;

(b) scoirfidh na cuntais scairbhisigh a bhaineann leis an ionstraim sin de bheith cáilithe mar ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1, láithreach bonn.

*Airteagal 31*

**Ionstraimí caipitil suibscríofa ag údaráis phoiblí i gcásanna géarchéime**

1. I gcásanna éigeandála, féadfaidh na húdaráis inniúla cead a thabhairt d'institiúidí ionstraimí caipitil a chomhlíonann ar a laghad na coinníollacha a leagtar síos i bpointe (b) go (e) d'Airteagal 28(1) a áireamh i nGnáthchothromas Leibhéal 1, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) Gur eisíodh na hionstraimí tar éis 1 Eanáir 2014.

(b) Go measann an Coimisiún gur Státchabhair atá sna hionstraimí caipitil.

(c) Go n-eisítear na hionstraimí caipitil i gcomhthéacs scéime athchaipitlithe de bhun na rialacha maidir le Státchabhair atá ann ag an am.

(d) Go bhfuil na hionstraimí caipitil suibscríofa go hiomlán agus ina seilbh ag an Stát nó ag údarás ábhartha poiblí nó ag eintiteas faoi úinéireacht phoiblí.

(e) Go bhfuil na hionstraimí caipitil in ann caillteanais a sheasamh.

(f) Ach amháin i gcás na n-ionstraimí caipitil dá dtagraítear in Airteagal 25, go dtabharfaidh na hionstraimí an teidlíocht do na húinéirí éileamh a dhéanamh ar shócmhainní iarmharacha na hinstitiúidí, i gcás leachtaithe, tar éis gach éileamh sinsearach a bheith íoctha.

(g) Go bhfuil sásraí leordhóthanacha um imeacht ann don Stáit, nó i gcás inarb infheidhme, don údarás ábhartha poiblí nó don eintiteas faoi úinéireacht phoiblí.

(h) Go mbeidh cead tugtha roimh ré ag an údarás inniúil agus go mbeidh a chinneadh foilsithe aige in éineacht le míniú ar an gcinneadh sin.

2. Ar iarraidh réasúnaithe a fháil ón údarás inniúil ábhartha agus i gcomhar leis, measfar don ÚBE go bhfuil na hionstraimí caipitil sin dá dtagraítear i mír 1 cóibhéiseach le hionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 chun críocha an Rialacháin seo.

Roinn 2

**Scagairí stuamachta**

*Airteagal 32*

**Sócmhainní urrúsaithe**

1. Déanfaidh institiúid aon mhéadú ar a cothromas faoin gcreat cuntasaíochta is infheidhme a eascraíonn as sócmhainní urrúsaithe a eisiamh ó aon eilimint de na cistí dílse, iad seo a leanas san áireamh:

(a) méadú den chineál sin atá gaolmhar le hioncam corrlaigh todhchaí a mbíonn gnóthachan ar dhíolachán don institiúid mar thoradh air;

▼B

(b) i gcás gur tionscnóir an urrúsaithe an institiúid, gnóthachain ghlana a eascraíonn as caipitliú ioncaim todhchaí ó na sócmhainní urrúsaithe a chuireann feabhsú creidmheasa ar fáil do shuímh san urrúsú.

2. Forbróidh an ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na coincheapa maidir le gnóthachan ar dhíolachán dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 a shonrú a thuilleadh.

▼C1

Cuirfidh an ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Iúil 2013.

▼B

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 33*

**Fálú sreabhadh airgid agus athruithe ar luach dliteanas dílis**

1. Ní áireoidh institiúidí na hítimí seo a leanas in aon eilimint de na cistí dílse:

(a) na cúlchistí luacha chóir a bhaineann le gnóthachain nó caillteanais ar fhálú sreabhadh airgid d'ionstraimí airgeadais nach bhfuil luacháilte ag luach cóir, lena n-áirítear sreabhadh airgid réamhmheasta;

(b) gnóthachain nó caillteanais ar dhliteanais na hinstitiúide atá luacháilte ag luach cóir a eascraíonn ó athruithe ar acmhainneacht creidmheasa dílse na hinstitiúide.

▼M8

(c) gnóthachain agus caillteanais ar luach cóir ar dhliteanais díorthach de chuid na hinstitiúide as a dtagann athruithe ar priacal creidmheasa dhílis na hinstitiúide sin.

▼B

2. Chun críocha phointe (c) de mhír 1, ní fhéadfaidh institiúidí gnóthachain ná caillteanais ar luach cóir a eascraíonn as priacal creidmheasa na n-institiúidí féin a fhritháireamh ina gcoinne siúd a eascraíonn as priacal creidmheasa an chontrapháirtí.

3. Gan dochar do phointe (b) de mhír 1, féadfaidh institiúidí méid na ngnóthachan agus na gcaillteanas ar a dhliteanais a áireamh i gcistí dílse i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) is i bhfoirm bannaí dá dtagraítear in Airteagal 52(4) de Threoir 2009/65/CE iad atá na dliteanais;

(b) is mar thoradh ar na hathruithe céanna i seasamh creidmheasa dílse na hinstitiúide na hathruithe ar luach sócmhainní agus dliteanas na hinstitiúide;

(c) tá luach na mbannaí dá dtagraítear i bpointe (a) agus luach sócmhainní na hinstitiúide ag teacht go dlúth le chéile;

(d) is féidir na hiasachtaí morgáiste a fhuascailt trí na bannaí atá ag maoiniú na hiasachtaí morgáiste a cheannach ar ais ar luach an mhargaidh nó ar an luach ainmniúil.

▼B

4. Forbróidh an ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrófar cad is brí le luach na mbannaí agus luach na sócmhainní, a luaitear i bpointe (c) de mhír 3, bheith ag teacht go dlúth le chéile.

Cuirfidh an ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúinfaoin 30 Meán Fómhair 2013.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 34*

**Coigeartuithe luacha breise**

Cuirfidh institiúidí ceanglais Airteagal 105 i bhfeidhm ar a sócmhainní uile arna dtomhas ag luach cóir nuair a ríomhtar méid a gcistí dílse agus asbhainfidh siad méid aon choigeartuithe luacha breise is gá ó chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1.

*Airteagal 35*

**Gnóthachain agus caillteanais neamhréadaithe arna dtomhas ag luach cóir**

Seachas i gcás na n-ítimí dá dtagraítear in Airteagal 33, ní dhéanfaidh institiúidí coigeartuithe chun gnóthachain nó caillteanais neamhréadaithe ar a sócmhainní nó ar a dliteanais arna dtomhas ag luach cóir a bhaint óna gcistí dílse.

Roinn 3

**Asbhaintí as ítimí ghnáthchothromas leibhéal 1, díolúintí agus roghanna eile asbhainte**

Foroinn 1

**Asbhaintí as ítimí ghnáthchothromas leibhéal 1**

*Airteagal 36*

**Asbhaintí as Ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1**

1. Asbhainfidh institiúidí na nithe seo a leanas as ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1:

(a) caillteanais don bhliain airgeadais reatha;

▼M8

(b) sócmhainní doláimhsithe cé is moite de bhogearraí a luacháiltear go stuama agus nach mbíonn tionchar diúltach ag réiteach, ag dócmhainneacht nó ag leachtú na hinstitiúide ar a luach;

▼B

(c) sócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht todhchaí;

▼B

(d) i gcás institiúidí a ríomhann méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal trí úsáid a bhaint as an gCur Chuige Inmheánach Bunaithe ar Rátálacha (Cur Chuige IBR), méideanna diúltacha a thig ó ríomh méideanna an chaillteanais ionchasaigh atá leagtha síos in Airteagal 158 agus Airteagal 159;

(e) sócmhainní cistí pinsin le sochar sainithe ar chlár comhardaithe na hinstitiúide.

(f) sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha d'ionstraimí dílse Ghnáthchothromas Leibhéal 1 atá ag institiúid, lena n-áirítear ionstraimí dílse Ghnáthchothromas Leibhéal 1 atá d'oibleagáid iarbhír nó theagmhasach ar institiúid a cheannach de bhua oibleagáide conarthaí atá ann cheana;

(g) sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha d'ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 eintiteas earnála airgeadais sa chás ina bhfuil tras-sealúchas cómhalartach ag an institiúid leis na heintitis sin a measann an t-údarás inniúil gur ceapadh é chun cistí dílse na hinstitiúide a bhoilsciú go saorga;

(h) méid infheidhme na sealúchas díreach, indíreach agus sintéiseach d'ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 eintiteas earnála airgeadais atá ag an institiúid i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin;

(i) méid infheidhme na sealúchas díreach, indíreach agus sintéiseach d'ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 eintiteas earnála airgeadais atá ag an institiúid i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin;

▼C3

(j) méid na n-ítimí is gá a asbhaint as ítimí Breise Leibhéal 1 de bhun Airteagal 56 a sháraíonn ítimí Breise Leibhéal 1 na hinstitiúide;

▼B

(k) méid risíochta na n-ítimí seo a leanas a cháilíonn i gcomhair ualú priacal 1 250 %, i gcás ina n-asbhaineann an institiúid an méid risíochta sin ó mhéid Chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 mar mhalairt ar ualú priacal 1 250 % a chur i bhfeidhm:

(i) sealúchais cháilitheacha lasmuigh den earnáil airgeadais;

▼M5

(ii) suíomhanna urrúsúcháin, i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 244(1), le pointe (b) d'Airteagal 245(1) agus le hAirteagal 253;

▼B

(iii) seachadtaí in aisce, i gcomhréir le hAirteagal 379(3);

(iv) suímh i mbascaed nach bhféadfaidh institiúid an t-ualú priacal a chinneadh ina leith faoi chur chuige IRB, i gcomhréir le hAirteagal 153(8);

(v) risíochtaí ar chothromas faoi chur chuige na samhlacha inmheánacha, i gcomhréir le hAirteagal 155(4).

(l) aon mhuirear cánach a bhaineann le hítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a bheidh intuartha tráth a ríofa, cé is moite de chás ina ndéanann an institiúid oiriúnú cuí ar mhéid na n-ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a mhéid is a laghdaíonn muirir chánach den sórt sin an t-uasmhéid ar féidir na hítimí sin a chur i bhfeidhm air chun priacail nó caillteanais a chumhdach;

▼M7

(m) méid infheidhme an chumhdaigh neamhdhóthanaigh le haghaidh risíochtaí neamhthuillmheacha;

▼M8

(n) i gcás gealltanas íosluacha dá dtagraítear in Airteagal 132c(2), suim ar bith lena dtagann margadhluach reatha i gcás aonad nó scaireanna in GCanna agus a fholuíonn an gealltanas íosluacha, lena dtagann sin gann ar luach reatha an ghealltanais íosluacha agus nach bhfuil laghdú aitheanta cheana féin ag an institiúid ina leith i gcás ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1.

▼B

2. Forbróidh an ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn cur i bhfeidhm na hasbhaintí dá dtagraítear i bpointí (a), (c), (e), (f), (h), (i) agus (l) de mhír 1 a shonrú, mar aon leis na hasbhaintí dá dtagraítear i bpointí (a), (c), (d) agus (f) d'Airteagal 56 agus pointí (a), (c) agus (d) d'Airteagal 66.

▼C1

Cuirfidh an ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Iúil 2013.

▼B

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

3. Forbróidh an ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn sonrú a dhéanamh ar na cineálacha ionstraimí caipitil atá ag institiúidí airgeadais agus, i gcomhairle leis an Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde) UAPGE, arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh.1094/2010 ([1]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010., ag gnóthais árachais agus athárachais tríú tíre, agus ag gnóthais arna n-eisiamh ó raon feidhme Threoir 2009/138/CE de réir Airteagal 4 den Treoir sin, agus a asbhainfear as na gnéithe seo a leanas de chistí dílse:

(a) Ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1;

(b) Ítimí Breise Leibhéal 1;

(c) Ítimí Leibhéal 2.

▼C1

Cuirfidh an ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Iúil 2013.

▼B

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

▼M8

4. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun cur i bhfeidhm na n-asbhaintí dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 a shonrú, lena n-áirítear ábharthacht na n-éifeachtaí diúltacha ar an luach nach ábhar imní iad ó thaobh stuamachta de.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Meitheamh 2020.

Tarmligtear chuig an gCoimisiún an chumhacht chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

([1]) IO L 331, 15.12.2010, lch. 48.

▼B

*Airteagal 37*

**Sócmhainní doláimhsithe a asbhaint**

Déanfaidh na hinstitiúidí méid na sócmhainní doláimhsithe a bheidh le hasbhaint a chinneadh mar seo a leanas:

(a) laghdófar an méid atá le hasbhaint de réir mhéid na ndliteanas cánach iarchurtha gaolmhar a mhúchfaí dá dtiocfadh lagú ar na sócmhainní doláimhsithe nó dá mbainfí den chlár comhardaithe iad faoin gcreat cuntasaíochta is infheidhme;

(b) cuimseoidh an méid atá le hasbhaint cáilmheas arna áireamh sa luacháil ar infheistíochtaí suntasacha na hinstitiúide;

▼M8

(c) bainfear méid na hathluachála cuntasaíochta ar shócmhainní doláimhsithe na gcuideachtaí arna dhíorthú ó chomhdhlúthú fochuideachtaí is inchurtha i leith daoine seachas na gnóthais atá sa chomhdhlúthú de bhun Chaibidil 2 de Theideal II de Chuid a hAon, bainfear an méid sin den mhéid atá le hasbhaint.

▼B

*Airteagal 38*

**Sócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht todhchaí a asbhaint**

1. Déanfaidh institiúidí méid na sócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht todhchaí a chaithfear a asbhaint i gcomhréir leis an Airteagal seo a chinneadh.

2. Seachas i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha atá leagtha síos i mír 3, ríomhfar méid na sócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht todhchaí gan é a laghdú de réir mhéid na ndliteanas cánach iarchurtha gaolmhar atá ag an institiúid.

3. Féadfar méid na sócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht todhchaí a laghdú de réir mhéid na ndliteanas cánach iarchurtha gaolmhar atá ag an institiúid, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá ceart ag an eintiteas faoin dlí náisiúnta is infheidhme, ar ceart é atá infhorghníomhaithe ó thaobh dlí de, chun na sócmhainní cánach reatha sin a fhritháireamh in aghaidh dliteanas cánach reatha;

(b) baineann na sócmhainní cánach iarchurtha sin agus na dliteanais chánach iarchurtha le cánacha ioncaim a ghearrann an t-údarás cánachais céanna ar an eintiteas inchánach céanna.

4. Ní fhéadfar dliteanais chánach iarchurtha, a laghdaíonn méid na sócmhainní doláimhsithe nó na sócmhainní cistí pinsin le sochar sainithe a chaithfear a asbhaint, a áireamh faoi dhliteanais chánach iarchurtha ghaolmhara na hinstitiúide a úsáidtear chun críocha mhír 3.

5. Déanfar méid na ndliteanas cánach iarchurtha gaolmhar dá dtagraítear i mír 4 a leithdháileadh orthu seo a leanas:

(a) sócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht todhchaí agus a thagann ó dhifríochtaí sealadacha nach n-asbhaintear i gcomhréir le hAirteagal 48(1);

▼B

(b) na sócmhainní cánach iarchurtha eile go léir atá ag brath ar bhrabúsacht todhchaí.

Déanfaidh institiúidí na dliteanais chánach iarchurtha ghaolmhara a leithdháileadh de réir an chion de shócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht todhchaí a bhfuil na hítimí dá dtagraítear i bpointí (a), (b),agus (c) in ionannas leis.

*Airteagal 39*

**Ró-íocaíochtaí cánach, tabhairt siar caillteanais chánach agus sócmhainní cánach iarchurtha nach bhfuil ag brath ar bhrabúsacht todhchaí**

1. Ní asbhainfear na hítimí a leanas ó na cistí dílse agus beidh siad faoi réir ualú priacal i gcomhréir le Caibidil 2 nó Caibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí, de réir mar is infheidhme,:

(a) ró-íocaíochtaí cánach a rinne an institiúid sa bhliain reatha;

(b) caillteanais chánach na hinstitiúide sa bhliain reatha arna dtabhairt siar go blianta roimhe sin as a dtig éileamh ar, nó earra infhaighte ó, rialtas láir, rialtas réigiúnach nó údarás cánach áitiúil.

2. ►M8 Beidh na sócmhainní cánach iarchurtha nach bhfuil ag brath ar bhrabúsacht todhchaí teoranta do shócmhainní cánach iarchurtha a cruthaíodh roimh 23 Samhain 2016 agus a eascraíonn as difríochtaí sealadacha, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas ar fad: ◄

(a) cuirtear creidmheas cánach ina n-ionad go huathoibríoch agus go héigeantach gan mhoill, i gcás ina dtuairiscíonn an institiúid caillteanas nuair a fhormheastar ráitis airgeadais bhliantúla na hinstitiúide go foirmiúil, agus i gcás leachtú nó dócmhainneacht na hinstitiúide;

(b) beidh an institiúid in ann, de réir an dlí cánach náisiúnta is infheidhme, creidmheas cánach dá dtagraítear in bpointe (a) a fhritháireamh i gcoinne aon dliteanais chánach atá ag an institiúid nó aon ghnóthais eile ar áireamh sa chomhdhlúthú céanna agus an institiúid chun críocha cánach de réir an dlí sin nó aon ghnóthais eile faoi réir na maoirseachta ar bhonn comhdhlúthaithe i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal II de Chuid a hAon;

(c) i gcás ina sáraíonn méid na gcreidmheasanna cánach dá dtagraítear i bpointe (b) na dliteanais chánach dá dtagraítear sa phointe sin, cuirtear éileamh díreach ar rialtas láir an Bhallstáit ina ionchorpraítear an institiúid in ionad barrachais den chineál sin gan mhoill.

Cuirfidh na hinstitiúidí ualú priacal de 100 % i bhfeidhm maidir le sócmhainní cánach iarchurtha i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha atá leagtha síos i bpointí a) b) agus c).

*Airteagal 40*

**Méideanna diúltacha a thig ó ríomh méideanna an chaillteanais ionchasaigh a asbhaint**

▼C2

Ní dhéanfar an méid a bheidh le hasbhaint i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 36(1) a laghdú trí mhéadú i leibhéal na sócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht todhchaí, nó trí éifeacht chánach bhreise eile, a d'fhéadfadh a bheith ann dá dtarlódh sé go méadódh soláthairtí go leibhéal an chaillteanais ionchasaigh dá dtagraítear i Roinn 3 de Chaibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí.

▼B

*Airteagal 41*

**Sócmhainní cistí pinsin le sochar sainithe a asbhaint**

▼C2

1. Chun críocha phointe (e) d'Airteagal 36(1), déanfar méid na sócmhainní cistí pinsin le sochar sainithe a bheidh le hasbhaint a laghdú an méid seo leanas:

(a) méid aon dliteanais cánach iarchurtha ghaolmhair arbh fhéidir go múchfaí é dá dtiocfadh lagú ar na sócmhainní nó dá ndéanfaí iad a bhaint den chlár comhardaithe faoin gcreat cuntasaíochta is infheidhme;

(b) méid na sócmhainní sa chiste pinsin le sochar sainithe nach bhfuil srian ar chumas na hinstitiúide iad a úsáid, ar an gcoinníoll go bhfuil cead roimh ré faighte ag an institiúid ón údarás inniúil.

Na sócmhainní sin a úsáidtear chun an méid a asbhainfear a laghdú, cuirfear ualú priacal leo i gcomhréir le Caibidil 2 nó Caibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí, de réir mar is infheidhme.

▼B

2. Forbróidh an ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na critéir a shonrú lena dtabharfaidh údarás inniúil cead d'institiúid méid na sócmhainní sa chiste pinsin le sochar sainithe, arna shainiú i bpointe (b) de mhír 1, a laghdú.

▼C1

Cuirfidh an ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Iúil 2013.

▼B

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 42*

**Sealúchais ionstraimí dílse Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a asbhaint**

Chun críocha phointe (f) d'Airteagal 36(1) i gcomhréir le hAirteagal 36, ríomhfaidh institiúidí sealúchais d'ionstraimí dílse Ghnáthchothromas Leibhéal 1 ar bhonn ollsuíomh fada faoi réir na n-eisceachtaí seo a leanas:

(a) féadfaidh institiúidí méid na sealúchas d'ionstraimí dílse Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a ríomh ar bhonn an ghlansuímh fhada ar an gcoinníoll go gcomhlíonfar an dá choinníoll seo a leanas:

(i) go bhfuil an risíocht fholuiteach chéanna ag na suímh fhada agus ghearra agus nach bhfuil aon priacal contrapháirtí ag baint leis na suímh ghearra;

(ii) go gcoimeádtar na suímh ghearra nó na suímh fhada araon sa leabhar trádála, nó go gcoimeádtar iad araon sa leabhar neamhthrádála;

(b) déanfaidh institiúidí an méid a asbhainfear i dtaca le sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha d'urrúis innéacsanna a chinneadh tríd an risíocht fholuiteach ar ionstraimí dílse Ghnáthchothromas Leibhéal 1 sna hinnéacsanna sin a ríomh;

▼B

(c) féadfaidh institiúidí ollsuímh fhada in ionstraimí dílse Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a thig ó shealúchais d'urrúis innéacsanna a ghlanluacháil i gcoinne suíomh gearr in ionstraimí dílse Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a thig ó shuímh ghearra sna hinnéacsanna foluiteacha, lena n-áirítear an cás ina bhfuil priacal contrapháirtí ag baint leis na suímh ghearra sin, ar an gcoinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(i) go bhfuil na suímh fhada agus na suímh ghearra sna hinnéacsanna foluiteacha céanna;

(ii) go gcoimeádtar na suímh ghearra nó na suímh fhada araon sa leabhar trádála, nó go gcoimeádtar iad araon sa leabhar neamhthrádála.

*Airteagal 43*

**Infheistíocht shuntasach in eintiteas earnála airgeadais**

Chun críocha asbhaint a dhéanamh, tiocfaidh infheistíocht shuntasach institiúide in eintiteas earnála airgeadais chun cinn sa chás ina gcomhlíontar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas

(a) tá os cionn 10 % de na hionstraimí ghnáthchothromas Leibhéal 1 arna n-eisiúint ag an eintiteas sin faoi úinéireacht na hinstitiúide;

(b) tá dlúthnaisc ag an institiúid leis an eintiteas sin agus tá ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 arna n-eisiúint ag an eintiteas sin faoi úinéireacht na hinstitiúide;

(c) tá ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 arna n-eisiúint ag an eintiteas sin faoi úinéireacht na hinstitiúide agus ní áirítear an t-eintiteas sa chomhdhlúthú de bhun Chaibidil 2 de Theideal II de Chuid a hAon, ach áirítear é sa chomhdhlúthú cuntasaíochta céanna leis an institiúid ar mhaithe le tuairisciú airgeadais faoin gcreat cuntasaíochta is infheidhme.

*Airteagal 44*

**Sealúchais d'ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 eintiteas na hearnála airgeadais a asbhaint i gcás ina bhfuil tras-sealúchas cómhalartach a ceapadh go saorga chun cistí dílse a bhoilsciú ag institiúid**

Déanfaidh institiúidí na hasbhaintí dá dtagraítear i bpointí (g), (h) agus (i) d'Airteagal 36(1) i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

(a) déanfar sealúchais d'ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 agus d'ionstraimí caipitil eile arna n-eisiúint ag eintitis earnála airgeadais a ríomh ar bhonn na n-ollsuíomh fada;

(b) déanfar ítimí chistí dílse d'árachas Leibhéal 1 a láimhseáil mar shealúchais d'ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 chun críocha asbhainte.

▼B

*Airteagal 45*

**Sealúchais d'ionstraimí ghnáthchothromas Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais a asbhaint**

Déanfaidh institiúidí na hasbhaintí a cheanglaítear faoi phointe (h) agus pointe (i) d'Airteagal 36(1) i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

(a) féadfaidh siad sealúchais dhíreacha, indíreacha agus sintéiseacha d'ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1eintiteas earnála airgeadais a ríomh ar bhonn an ghlansuímh fhada atá sa risíocht fholuiteach chéanna ar an gcoinníoll go gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:

▼M8

(i) dáta aibíochta an tsuímh ghearr, is ionann é agus dáta aibíochta an tsuímh fhada nó is déanaí é ná an dáta sin, nó is é bliain amháin, ar a laghad, aibíocht iarmhair an tsuímh ghearr;

▼B

(ii) go gcoimeádtar na suímh ghearra agus na suímh fhada araon sa leabhar neamhthrádála nó go gcoimeádtar iad araonsa leabhar trádála;

(b) déanfaidh institiúidí an méid a asbhainfear i dtaca le sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha d'urrúis innéacsanna a chinneadh tríd an risíocht fholuiteach ar ionstraimí caipitil na n-eintiteas earnála airgeadais sna hinnéacsanna sin a ríomh.

*Airteagal 46*

**Sealúchais ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1a asbhaint i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag institiúid in eintiteas earnála airgeadais**

1. Chun críocha phointe (h) d'Airteagal 36(1), ríomhfaidh institiúidí an méid is infheidhme a asbhainfear tríd an méid dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo a iolrú faoin bhfachtóir a dhíorthaítear ón ríomh dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír seo:

(a) an méid comhiomlán a sháraítear leis na sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha d'ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1, de Chaipiteal Breise Leibhéal 1 agus de Chaipiteal Leibhéal 2 eintiteas earnála airgeadais nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid iontu 10 % de chomhiomláin na hítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 atá ag an institiúid agus ríomhtar an méid comhiomlán sin tar éis iad seo a leanas a chur i bhfeidhm maidir leis na hítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1:

(i) Airteagail 32 go 35;

(ii) na hasbhaintí dá dtagraítear i bpointí (a) go (g), i bpointí k(ii) go k(v) agus i bpointe (l) d'Airteagal 36(1), cé is moite den mhéid a bheidh le hasbhaint i dtaca le sócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht todhchaí agus a thig ó dhifríochtaí sealadacha;

(iii) Airteagal 44 agus Airteagal 45

▼B

(b) an méid comhiomlán a sháraítear le sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 d'eintitis earnála airgeadais nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid iontu a ►C2 roinnt faoi mhéid foriomlán na sealúchas díreach, indíreach agus sintéiseach atá i seilbh na hinstitiúide d'ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1, Leibhéal Breise 1 agus Leibhéal Breise 2 na n-eintiteas sin san earnáil airgeadais. ◄

2. Déanfaidh institiúidí suímh fhrithghealltа arna sealbhú ar feadh cúig lá oibre nó níos giorra a eisiamh ón méid dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 agus ó ríomh an fhachtóra dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1.

▼C2

3. Déanfar an méid atá le hasbhaint de bhun mhír 1 a chionroinnt thar gach ionstraim Ghnáthchothromas Leibhéal 1 arna sealbhú. Déanfaidh institiúidí méid gach ionstraime Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a asbhaintear de bhun mhír 1 a chinneadh tríd an méid atá sonraithe i bpointe (a) den mhír seo a mhéadú faoin gcion atá sonraithe i bpointe (b) den mhír seo:

▼B

(a) méid na sealúchas is gá a asbhaint de bhun mhír 1;

(b) an méid comhiomlán de na sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha atá i seilbh na hinstitiúide d'ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 d'eintitis earnála airgeadais nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid iontu a léirítear le gach ionstraim Ghnáthchothromas Leibhéal 1 atá sealbhaithe.

4. Ní asbhainfear méid na sealúchas dá dtagraítear i bpointe (h) d'Airteagal 36(1) atá cothrom le nó níos lú ná 10 % de na hítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 atá ag an institiúid tar éis na forálacha atá leagtha síos i bpointí (a)(i) go (iii) de mhír 1 a chur i bhfeidhm agus beidh siad faoi réir na n-ualaí priacal is infheidhme i gcomhréir le Caibidil 2 nó Caibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí agus na gceanglas atá leagtha síos i dTeideal IV de Chuid a Trí, de réir mar is infheidhme.

▼C2

5. Déanfaidh institiúidí méid gach ionstraime Ghnáthchothromais Leibhéal 1 atá ualaithe de réir priacal de bhun mhír 4 a chinneadh tríd an méid atá sonraithe i bpointe (a) den mhír seo a iolrú leis an méid atá sonraithe i bpointe (b) den mhír seo:

(a) méid na sealúchas is gá a ualú de réir priacal de bhun mhír 4;

(b) an cion a eascraíonn as an ríomh i bpointe (b) de mhír 3.

▼B

*Airteagal 47*

**Sealúchais ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a asbhaint i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag institiúid in eintiteas earnála airgeadais**

Chun críocha phointe (i) d'Airteagal 36(1), ní dhéanfar suímh frith-ghealltа arna sealbhú ar feadh cúig lá oibre nó níos giorra a áireamh sa mhéid infheidhme a asbhainfear as ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 agus socrófar iad i gcomhréir le hAirteagal 44 agus Airteagal 45 agus le foroinn 2.

▼M7

*Airteagal 47a*

**Risíochtaí neamhthuillmheacha**

1. Chun críocha phointe (m) d'Airteagal 36(1), áireofar le risíocht aon cheann de na hítimí seo a leanas, ar choinníoll nach gcuirtear iad ar áireamh i leabhar trádála na hinstitiúide:

(a) ionstraim fiachais, lena n-áirítear urrús fiachais, iasacht, airleacan, agus taisce phrapéilimh;

(b) gealltanas iasachta a tugadh, ráthaíocht airgeadais a tugadh nó aon ghealltanas eile a tugadh, is cuma cé acu atá sé in-chúlghairthe nó neamh-inchúlghairthe, cé is moite de shaoráidí creidmheasa neamh-tharraingthe a fhéadfar a chur ar ceal gan choinníoll tráth ar bith gan fógra, nó a bhforáiltear go héifeachtach iontu d'uathchealú mar thoradh ar mheathlú in acmhainneacht chreidmheasa an iasachtaí.

2. Chun críocha phointe (m) d'Airteagal 36(1), beidh luach risíochta aon ionstraime fiachais cothrom leis an luach cuntasaíochta atá uirthi, rud a thomhaisfear gan aon choigeartuithe sonracha i leith priacal creidmheasa, coigeartuithe luacha breise i gcomhréir le hAirteagail 34 agus 105, méideanna arna n-asbhaint i gcomhréir le pointe (m) d'Air-teagal 36(1), laghduithe eile ar chistí dílse a bhaineann leis an risíocht nó díscríobh i bpáirt arna ndéanamh ag an institiúid ón tráth deireanach ar aicmíodh an risíocht mar risíocht neamhthuillmheach a chur san áireamh.

Chun críocha phointe (m) d'Airteagal 36(1), áireofar an difríocht idir an luach ceannaigh agus an méid atá dlite ón bhféichiúnaí ar luach risíochta ionstraime fiachais a ceannaíodh ar phraghas níos ísle ná an méid atá dlite ón bhféichiúnaí.

Chun críocha phointe (m) d'Airteagal 36(1), beidh luach risíochta aon cheangaltais iasachta a thugtar, aon ráthaíochta airgeadais a thugtar nó aon cheangaltas eile a thugtar dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 den Airteagal seo cothrom leis an luach ainmniúil atá air nó uirthi, rud a bheidh cothrom le risíocht uasta na hinstitiúide ar phriacal creidmheasa gan aird a thabhairt ar aon chosaint chreidmheasa chistithe nó neamhchistithe. Beidh luach ainmniúil aon cheangaltais iasachta a tugadh cothrom leis an méid neamhtharraingthe ar gheall an institiúid go dtabharfadh sí ar iasacht é agus beidh luach ainmniúil aon ráthaíochta airgeadais a tugadh cothrom leis an méid uasta a d'fhéadfadh a bheith ar an eintiteas a íoc dá nglaofaí an ráthaíocht.

Ní chuirfear san áireamh leis an luach ainmniúil dá dtagraítear sa tríú fomhír den mhír seo aon choigeartú sonrach i leith priacal creidmheasa, aon choigeartuithe luacha breise i gcomhréir le hAirteagail 34 agus 105, méideanna arna n-asbhaint i gcomhréir le pointe (m) d'Airteagal 36(1) nó laghduithe eile ar chistí dílse a bhaineann leis an risíocht.

▼M7

3. Chun críocha phointe (m) d'Airteagal 36(1), aicmeofar na risíochtaí seo a leanas mar risíochtaí neamhthuillmheacha:

(a) risíocht ar ina leith a mheastar go raibh mainneachtain ann i gcomhréir le hAirteagal 178;

(b) risíocht a mheastar a bheith lagaithe i gcomhréir leis an gcreat cuntasaíochta is infheidhme;

(c) risíocht atá faoi phromhadh de bhun mhír 7, i gcás ina ndeonaítear bearta staonta breise nó ina bhfuil an risíocht thar téarma níos faide ná 30 lá;

(d) risíocht atá i bhfoirm ceangaltas ar dóigh nach n-aisíocfaí ina hiomláine é gan comhthaobhacht a réadú dá dtarraingeofaí anuas é nó dá n-úsáidfí ar shlí eile é;

(e) risíocht atá i bhfoirm ráthaíocht airgeadais ar dóigh go nglaofaidh an páirtí ráthaithe í, lena n-áirítear i gcás ina gcomhlíonann an risíocht ráthaithe fholuiteach na critéir maidir lena meas mar bheith neamhthuillmheach.

Chun críche phointe (a), i gcás ina bhfuil risíochtaí sa chlár comhardaithe ag institiúid ar oibleagáideoir, ar risíochtaí iad atá thar téarma níos faide ná 90 lá agus a chomhfhreagraíonn do níos mó ná 20 % de na risíochtaí uile sa chlár comhardaithe ar an oibleagáideoir sin, measfar gach risíocht sa chlár comhardaithe agus lasmuigh den chlár comhardaithe ar an oibleagáideoir sin a bheith neamhthuillmheach.

4. Maidir le risíochtaí nach bhfuil faoi réir aon bhirt staonta, scoirfear dá n-aicmiú mar risíochtaí neamhthuillmheacha chun críocha phointe (m) d'Airteagal 36(1) i gcás ina gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) comhlíonann an risíocht na critéir imeachta a chuireann an institiúid i bhfeidhm chun scor de risíocht a aicmiú mar risíocht lagaithe i gcomhréir leis an gcreat cuntasaíochta is infheidhme agus chun scor de risíocht a aicmiú mar risíocht a mhainnigh i gcomhréir le hAirteagal 178;

(b) tá an oiread sin feabhais tagtha ar staid an oibleagáideora gur deimhin leis an institiúid gur dócha go ndéanfar aisíocaíocht iomlán thráthúil;

(c) ní ag an oibleagáideoir aon mhéid atá thar téarma níos faide ná 90 lá.

5. Ní scoirfear de risíocht a aicmiú mar risíocht neamhthuillmheach chun críocha phointe (m) d'Airteagal 36(1) i gcás ina n-aicmeofar risíocht neamhthuillmheach mar shócmhainn neamhreatha atá á sealbhú lena díol i gcomhréir leis an gcreat cuntasaíochta is infheidhme.

6. Maidir le risíochtaí neamhthuillmheacha atá faoi réir bearta staonta, scoirfear dá n-aicmiú mar risíochtaí neamhthuillmheacha chun críocha phointe (m) d'Airteagal 36(1) i gcás ina gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá scortha ag na risíochtaí sin de bheith i staid a d'fhágfadh go n-aicmeofaí iad mar risíochtaí neamhthuillmheacha faoi mhír 3;

(b) tá bliain amháin ar a laghad imithe thart ón dáta a deonaíodh na bearta staonta nó ón dáta a aicmíodh na risíochtaí mar risíochtaí neamhthuillmheacha, cibé tráth acu is déanaí;

(c) níl aon mhéid thar téarma ann tar éis na mbeart staonta agus is deimhin leis an institiúid, bunaithe ar an anailís ar staid airgeadais an oibleagáideora, gur dócha go ndéanfar aisíocaíocht iomlán thráthúil i leith na risíochta.

▼M7

▼C4

Féadfar a mheas gur dócha go ndéanfar aisíocaíocht iomlán thráthúil i gcás ina ndéanann an t-oibleagáideoir íocaíochtaí rialta tráthúla atá cothrom le ceann amháin díobh seo a leanas:

▼M7

(a) an méid a bhí thar téarma sular deonaíodh an beart staonta, i gcás ina raibh méideanna thar téarma ann;

(b) an méid a díscríobhadh faoi na bearta staonta a deonaíodh, i gcás nach raibh aon mhéideanna thar téarma ann.

7. I gcás ina scoirfear de risíocht a aicmiú mar risíocht neamhthuillmheach de bhun mhír 6, beidh an risíocht sin faoi phromhadh go dtí go gcomhlíonfar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) chuaigh dhá bhliain ar a laghad thart ón dáta a athaicmíodh an risíocht atá faoi réir bearta staonta mar risíocht thuillmheach;

(b) rinneadh íocaíochtaí rialta tráthúla le linn leath na tréimhse ar a laghad ina raibh an risíocht faoi phromhadh, rud a d'fhág gur íocadh méid comhiomlán suntasach príomhshuime nó úis;

(c) níl aon cheann de na risíochtaí ar an oibleagáideoir thar téarma níos faide ná 30 lá.

*Airteagal 47b*

**Bearta staonta**

1. Is é atá i gceist le beart staonta aon lamháltas a dhéanfaidh institiúid i leith oibleagáideoir a bhfuil deacrachtaí aige a ghealltanais airgeadais a shásamh nó ar dócha go mbeidh deacrachtaí den sórt sin aige. Féadfar caillteanas don iasachtóir a bheith i gceist le lamháltas agus bainfidh sé le ceann amháin de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) athrú ar théarmaí agus ar choinníollacha oibleagáide fiachais, i gcás nach ndeonófaí athrú den sórt sin murach deacrachtaí a bheith ag an oibleagáideoir a ghealltanais airgeadais a shásamh;

(b) athmhaoiniú iomlán nó páirteach oibleagáide fiachais, i gcás nach ndeonófaí athmhaoiniú den sórt sin murach deacrachtaí a bheith ag an oibleagáideoir a ghealltanais airgeadais a shásamh.

2. Measfar gur bearta staonta iad na staideanna seo a leanas ar a laghad:

(a) téarmaí conartha nua atá níos fabhraí don oibleagáideoir ná na téarmaí conartha roimhe sin, i gcás ina bhfuil deacrachtaí ag an oibleagáideoir a ghealltanais airgeadais a shásamh nó ar dócha go mbeidh deacrachtaí den sórt sin aige;

(b) téarmaí conartha nua atá níos fabhraí don oibleagáideoir ná na téarmaí conartha arna dtairiscint ag an institiúid chéanna d'oibleagáideoirí a raibh próifíl priacal den chineál céanna acu ag an am sin, i gcás ina bhfuil deacrachtaí ag an oibleagáideoir a ghealltanais airgeadais a shásamh nó ar dócha go mbeidh deacrachtaí den sórt sin aige;

(c) bhí an risíocht faoi na téarmaí conartha tosaigh aicmithe mar risíocht neamhthuillmheach sula ndearnadh an t-athrú ar na téarmaí conartha nó bheadh an risíocht aicmithe mar risíocht neamhthuillmheach dá mba rud é nach ndearnadh aon athrú ar na téarmaí conartha;

(d) is é an toradh atá ar an mbeart gur cuireadh an oibleagáid fiachais iomlán nó cuid di ar ceal;

(e) formheasann an institiúid feidhmiú clásal lena gcumasaítear don oibleagáideoir téarmaí an chonartha a athrú agus bhí an

▼**M7**

risíocht aicmithe mar risíocht neamhthuillmheach sular feidhmíodh na clásail sin, nó d'aicmeofaí an risíocht mar risíocht neamhthuillmheach mura bhfeidhmeofaí na clásail sin;

(f) tráth a deonaíodh an fiachas, nó gar don tráth sin, rinne an t-oibleagáideoir íocaíochtaí príomhshuime nó úis ar oibleagáid fiachais eile leis an institiúid chéanna, ar oibleagáid í a bhí aicmithe mar risíocht neamhthuillmheach nó a bheadh aicmithe mar risíocht neamhthuillmheach mura ndéanfaí na híocaíochtaí sin;

(g) is é atá i gceist leis an athrú ar théarmaí an chonartha aisíocaíochtaí a dhéanamh trí sheilbh a ghlacadh ar chomhthaobhacht, i gcás inarb ionann athrú den sórt sin agus lamháltas.

3. Tá na himthosca seo a leanas ina dtáscairí á léiriú go bhféadfadh gur glacadh bearta staonta:

(a) bhí an conradh tosaigh thar téarma níos faide ná 30 lá uair amháin ar a laghad le linn na dtrí mhí sula ndearnadh athrú air nó bheadh sé thar téarma níos faide ná 30 lá mura ndéanfaí aon athrú air;

(b) tráth a tugadh an comhaontú creidmheasa i gcrích, nó gar don tráth sin, rinne an t-oibleagáideoir íocaíochtaí príomhshuime nó úis ar oibleagáid fiachais eile leis an institiúid chéanna, ar oibleagáid í a bhí thar téarma níos faide ná 30 lá uair amháin ar a laghad le linn na dtrí mhí sular deonaíodh an fiachas nua;

(c) formheasann an institiúid feidhmiú clásal lena gcumasaítear don oibleagáideoir téarmaí an chonartha a athrú agus tá an risíocht thar téarma 30 lá nó bheadh an risíocht thar téarma 30 lá mura bhfeidhmeofaí na clásail sin.

4. Chun críocha an Airteagail seo, déanfar deacrachtaí atá ag oibleagáideoir i ndáil lena ghealltanais airgeadais a shásamh a mheas ar leibhéal an oibleagáideora, agus aird á tabhairt ar na heintitis dhlíthiúla uile atá i ngrúpa an oibleagáideora agus atá i gcomhdhlúthú cuntasaíochta an ghrúpa, agus na daoine nádúrtha a rialaíonn an grúpa sin.

*Airteagal 47c*

**Asbhaint le haghaidh risíochtaí neamhthuillmheacha**

1. Chun críocha phointe (m) d'Airteagal 36(1), is tríd an méid a chinnfear i bpointe (b) den mhír seo a dhealú ón méid a chinnfear i bpointe (a) den mhír seo a chinnfidh institiúidí an méid cumhdaigh neamhdhóthanaigh is infheidhme le haghaidh gach risíochta neamhthuillmhí ar leithligh a asbhainfear ó ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1, i gcás inar mó an tsuim dá dtagraítear i bpointe (a) ná an tsuim dá dtagraítear i bpointe (b):

(a) suim na nithe seo a leanas:

(i) an chuid neamhurraithe de gach risíocht neamhthuillmheach, más ann di, arna hiolrú faoin bhfachtóir is infheidhme dá dtagraítear i mír 2;

(ii) an chuid urraithe de gach risíocht neamhthuillmheach, más ann di, arna hiolrú faoin bhfachtóir is infheidhme dá dtagraítear i mír 3;

(b) suim na n-ítimí seo a leanas ar choinníoll go mbaineann siad leis an risíocht neamhthuillmheach chéanna:

(i) coigeartuithe sonracha i leith priacal creidmheasa;

(ii) coigeartuithe luacha breise i gcomhréir le hAirteagail 34 agus 105;

▼M7

(iii) laghduithe eile ar chistí dílse;

(iv) i gcás institiúidí a ríomhann méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal trí úsáid a bhaint as an gCur Chuige Bunaithe ar Rátálacha Inmheánacha, dearbhluach na méideanna arna n-asbhaint de bhun phointe (d) d'Airteagal 36(1) a bhaineann le risíochtaí neamhthuillmheacha, i gcás ina gcinnfear an dearbhluach is inchurtha i leith gach risíochta neamhthuillmhí trí na méideanna arna n-asbhaint de bhun phointe (d) d'Airteagal 36(1) a iolrú faoin rannchuidiú a dhéanfaidh an méid caillteanais ionchasaigh le haghaidh na risíochta neamhthuillmhí maidir leis na méideanna iomlána caillteanais ionchasaigh le haghaidh risíochtaí a mhainnigh nó nár mhainnigh, de réir mar is infheidhme;

(v) i gcás ina gceannófar risíocht neamhthuillmheach ar phraghas níos ísle ná an méid atá dlite ón bhféichiúnaí, an difríocht idir an luach ceannaigh agus an méid atá dlite ón bhféichiúnaí;

(vi) méideanna a dhíscríobh an institiúid ó aicmíodh an risíocht mar risíocht neamhthuillmheach.

Is í an chuid urraithe de risíocht neamhthuillmheach an chuid den risíocht a mheastar, chun críche ceanglais cistí dílse de bhun Theideal II de Chuid a Trí a ríomh, go bhfuil sí cumhdaithe le cosaint chreidmheasa chistithe nó neamhchistithe nó urraithe go huile agus go hiomlán le morgáistí.

Comhfhreagraíonn an chuid neamhurraithe de risíocht neamhthuillmheach don difríocht, más ann di, idir luach na risíochta dá dtagraítear in Airteagal 47a(1) agus an chuid urraithe den risíocht, más ann di.

2. Chun críocha phointe (a)(i) de mhír 1, beidh feidhm ag na fachtóirí seo a leanas:

(a) 0,35 don chuid neamhurraithe de risíocht neamhthuillmheach a chuirfear i bhfeidhm le linn na tréimhse idir an chéad lá agus an lá deireanach den tríú bliain tar éis í a aicmiú mar risíocht neamhthuillmheach;

(b) 1 don chuid neamhurraithe de risíocht neamhthuillmheach a chuirfear i bhfeidhm amhail ón gcéad lá den cheathrú bliain tar éis í a aicmiú mar risíocht neamhthuillmheach.

3. Chun críocha phointe (a)(ii) de mhír 1, beidh feidhm ag na fachtóirí seo a leanas:

(a) 0,25 don chuid urraithe de risíocht neamhthuillmheach a chuirfear i bhfeidhm le linn na tréimhse idir an chéad lá agus an lá deireanach den cheathrú bliain tar éis í a aicmiú mar risíocht neamhthuillmheach;

(b) 0,35 don chuid urraithe de risíocht neamhthuillmheach a chuirfear i bhfeidhm le linn na tréimhse idir an chéad lá agus an lá deireanach den chúigiú bliain tar éis í a aicmiú mar risíocht neamhthuillmheach;

(c) 0,55 don chuid urraithe de risíocht neamhthuillmheach a chuirfear i bhfeidhm le linn na tréimhse idir an chéad lá agus an lá deireanach den séú bliain tar éis í a aicmiú mar risíocht neamhthuillmheach;

(d) 0,70 don chuid de risíocht neamhthuillmheach arna hurrú ag maoin dhochorraithe de bhun Theideal II de Chuid a Trí nó ar iasacht chónaitheach í arna rathú ag soláthraí cosanta incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 201, a chuirfear i bhfeidhm le linn na tréimhse idir an chéad lá agus an lá deireanach den seachtú bliain tar éis í a aicmiú mar risíocht neamhthuillmheach;

▼M7

(e) 0,80 don chuid de risíocht neamhthuillmheach arna hurrú ag cosaint chreidmheasa chistithe nó neamhchistithe eile de bhun Theideal II de Chuid a Trí a chuirfear i bhfeidhm le linn na tréimhse idir an chéad lá agus an lá deireanach den seachtú bliain tar éis í a aicmiú mar risíocht neamhthuillmheach;

(f) 0,80 don chuid de risíocht neamhthuillmheach arna hurrú ag maoin dhochorraithe de bhun Theideal II de Chuid a Trí nó ar iasacht chónaitheach í arna rathú ag soláthraí cosanta incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 201, a chuirfear i bhfeidhm le linn na tréimhse idir an chéad lá agus an lá deireanach den ochtú bliain tar éis í a aicmiú mar risíocht neamhthuillmheach;

(g) 1 don chuid de risíocht neamhthuillmheach arna hurrú ag cosaint chreidmheasa chistithe nó neamhchistithe eile de bhun Theideal II de Chuid a Trí a chuirfear i bhfeidhm amhail ón gcéad lá den ochtú bliain tar éis í a aicmiú mar risíocht neamhthuillmheach;

(h) 0,85 don chuid de risíocht neamhthuillmheach arna hurrú ag maoin dhochorraithe de bhun Theideal II de Chuid a Trí nó ar iasacht chónaitheach í arna rathú ag soláthraí cosanta incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 201, a chuirfear i bhfeidhm le linn na tréimhse idir an chéad lá agus an lá deireanach den naoú bliain tar éis í a aicmiú mar risíocht neamhthuillmheach;

(i) 1 don chuid de risíocht neamhthuillmheach arna hurrú ag maoin dhochorraithe de bhun Theideal II de Chuid a Trí nó ar iasacht chónaitheach í arna rathú ag soláthraí cosanta incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 201, a chuirfear i bhfeidhm amhail ón gcéad lá den deichiú bliain tar éis í a aicmiú mar risíocht neamhthuillmheach.

▼M11

4. De mhaolú ar mhír 3 den Airteagal seo, beidh feidhm ag na fachtóirí seo a leanas maidir leis an gcuid den risíocht neamhthuillmheach arna ráthú nó arna hárachú ag gníomhaireacht creidmheasa onnmhairiúcháin oifigiúil nó arna ráthú nó arna frithráthú ag soláthraí cosanta incháilithe dá dtagraítear i bpointí (a) go (e) d'Airteagal 201(1), risíochtaí neamhurraithe a sannfaí ualú priacail 0 % dóibh faoi Chaibidil 2 de Theideal II de Chuid a Trí:

▼M7

(a) 0 don chuid urraithe den risíocht neamhthuillmheach a chuirfear i bhfeidhm le linn na tréimhse idir bliain amháin agus seacht mbliana tar éis í a aicmiú mar risíocht neamhthuillmheach; agus

(b) 1 don chuid urraithe den risíocht neamhthuillmheach a chuirfear i bhfeidhm amhail ón gcéad lá den ochtú bliain tar éis í a aicmiú mar risíocht neamhthuillmheach.

5. Déanfaidh ÚBE measúnú ar an raon cleachtas a chuirtear i bhfeidhm chun risíochtaí neamhthuillmheacha urraithe a luacháil agus féadfaidh sé treoirlínte a fhorbairt chun modheolaíocht chomhchoiteann a shonrú, lena n-áirítear ceanglais íosta fhéideartha i leith athluacháil ó thaobh modhanna uainithe agus modhanna ad hoc de, i leith luacháil stuamachta a dhéanamh ar chineálacha incháilithe cosanta creidmheasa cistithe agus neamhchistithe, go háirithe maidir le toimhdí a bhaineann le hin-aisghabhálacht agus le hin-fhorfheidhmitheacht. Féadfar a áireamh leis na treoirlínte sin modheolaíocht chomhchoiteann chun an chuid urraithe de risíocht neamhthuillmheach dá dtagraítear i mír 1 a chinneadh.

Eiseofar na treoirlínte sin i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

▼M7

6. De mhaolú ar mhír 2, i gcás inar deonaíodh beart staonta do risíocht idir bliain amháin agus dhá bhliain tar éis í a aicmiú mar risíocht neamhthuillmheach, an fachtóir is infheidhme i gcomhréir le mír 2 an dáta a ndeonófar an beart staonta, beidh sé infheidhme go ceann bliain bhreise.

De mhaolú ar mhír 3, i gcás inar deonaíodh beart staonta do risíocht idir dhá bhliain agus sé bliana tar éis í a aicmiú mar risíocht neamhthuillmheach, an fachtóir is infheidhme i gcomhréir le mír 3 an dáta a ndeonófar an beart staonta, beidh sé infheidhme go ceann bliain bhreise.

Ní bheidh feidhm ag an mír seo ach amháin maidir leis an gcéad bheart staonta a deonaíodh ón tráth ar aicmíodh an risíocht mar risíocht neamhthuillmheach.

▼B

Foroinn 2

**Díolúintí ó asbhaintí as ítimí ghnáthchothromas leibhéal 1 agus roghanna eile asbhainte**

*Airteagal 48*

**Díolúintí tairsí ó asbhaint as ítimí Gnáthchothromas Leibhéal 1**

1. Le linn dóibh na hasbhaintí is gá de bhun phointí (c) agus (i) d'Airteagal 36(1) a dhéanamh, níl sé de cheanglas ar na hinstitiúidí méideanna na n-ítimí atá liostaithe i bpointí (a) agus (b) den mhír seo atá, i bhfoirm chomhiomlán, cothrom le, nó níos lú ná, an méid na tairsí dá dtagraítear i mír 2:

(a) sócmhainní cánach iarchurtha atá spleách ar bhrabúsacht todhchaí agus a thig ó dhifríochtaí sealadacha, agus atá, i bhfoirm chomhiomlán, cothrom le nó níos lú ná 10 % de na hítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 atá ag an institiúid a ríomhtar tar éis iad seo a leanas a chur i bhfeidhm:

(i) Airteagail 32 go 35;

(ii) pointí (a) go (h), pointí (k)(ii) go k(v) agus pointe (1) d'Airteagal 36(1), cé is moite de shócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht todhchaí agus a thig ó dhifríochtaí sealadacha.

(b) i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag institiúid in eintiteas earnála airgeadais, sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha d'ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 na n-eintiteas sin atá ag an institiúid atá, i bhfoirm chomhiomlán, cothrom le nó níos lú ná 10 % de na hítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 atá ag an institiúid a ríomhtar tar éis iad seo a leanas a chur i bhfeidhm:

(i) Airteagail 32 go 35;

(ii) pointí (a) go (h) agus pointí (k)(ii) go k(v) agus pointe (1)d'Airtegal 36(1) cé is moite de shócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht todhchaí agus a thig ó dhifríochtaí sealadacha.

2. Chun críocha mhír 1, beidh méid na tairsí comhionann leis an méid dá dtagraítear ii bpointe (a) den mhír seo iolraithe faoin gcéatadán dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír seo:

▼B

(a) méid iarmharach maidir le hítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 tar éis na coigeartuithe agus na hasbhaintí in Airteagal 32 gohAirteagal 35 a chur i bhfeidhm ina n-iomláine agus gan na díolúintí a shonraítear san Airteagal seo a chur i bhfeidhm;

(b) 17.65 %.

3. Chun críocha mhír 1, cinnfidh institiúid an cion de shócmhainní cánach iarchurtha as méid iomlán na n-ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 nach gá a asbhaint tríd an méid a shonraítear i bpointe (a) den mhír seo a roinnt ar an méid a shonraítear i bpointe (b):

(a) sócmhainní cánach iarchurtha atá spleách ar bhrabúsacht todhchaí agus a thig ó dhifríochtaí sealadacha, agus atá, i bhfoirm chomhiomlán, cothrom le 10 % de na hítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 atá ag an institiúid nó níos lú ná 10 % de na hítimí sin;

(b) suim na nithe seo a leanas:

(i) an méid dá dtagraítear i bpointe (a);

(ii) méid na sealúchas díreach, indíreach agus sintéiseach d'ionstraimí cistí dílse d'eintitis earnála airgeadais a bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid iontu agus atá, i bhfoirm chomhiomlán, cothrom le 10 % de na hítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 atá ag an institiúid nó níos lú ná 10 % de na hítimí sin.

Tá an cion d'infheistíochtaí suntasacha as méid iomlán na n-ítimí nach gá a asbhaint cothrom lena a haon lúide an cion dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

4. Déanfar méideanna na n-ítimí nach n-asbhaintear de bhun mhír 1 a ualú de réir priacal ag 250 %.

*Airteagal 49*

**Ceanglas ar asbhaint i gcás ina gcuirtear comhdhlúthú, maoirseacht fhorlíontach nó scéimeanna cosanta institiúideacha i bhfeidhm**

1. Chun críocha cistí dílse a ríomh ar bhonn aonair, ar bhonn fochomhdhlúite agus ar bhonn comhdhlúite, sa chás ina gcuirfidh na húdaráis inniúla de cheangal ar institiúidí nó ina gceadóidh siad d'institiúidí modh 1, modh 2 nó modh 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2002/87/CE a chur i bhfeidhm, féadfaidh na húdaráis inniúla a cheadú d'institiúidí gan sealúchais ionstraimí cistí dílse de chuid eintitis earnála airgeadais a asbhaint, ar eintiteas é ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an máthairinstitiúid, ag an máthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais, ag an máthairchuideachta nó ag máthairinstitiúid shealbhaíochta airgeadais mheasctha, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos i bpointe (a) go pointe (e) den mhír seo:

(a) is gnóthas árachais, gnóthas ath-árachais nó cuideachta shealbhaíochta árachais é an t-eintiteas earnála airgeadais;

(b) áirítear an gnóthas árachais sin, an gnóthas ath-árachais sin nó an chuideachta shealbhaíochta árachais sin sa mhaoirseacht fhorlíontach chéanna faoi Threoir 2002/87/CE agus atá an mháthairinstitiúid, an mháthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais nó an mháthairchuideachta nó máthairinstitiúid shealbhaíochta airgeadais mheasctha a bhfuil an sealúchas aici;

▼B

(c) fuair an institiúid cead roimh ré ó na húdaráis inniúla;

(d) sula ndeonóidh siad an cead sin dá dtagraítear i bpointe (c), agus ar bhonn leanúnach, tá na húdaráis inniúla sásta gur leor leibhéal na bainistíochta comhtháite, na bainistíochta priacal agus na rialaithe inmheánaí maidir leis na heintitis a chuirfí san áireamh faoi chuimsiú mhodh 1, mhodh 2 nó mhodh 3;

(e) is le ceann díobh seo a leanas na sealúchais san eintiteas:

(i) an mháthairinstitiúid chreidmheasa;

(ii) an mháthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais;

(iii) an mháthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha;

(iv) an institiúid;

(v) fochuideachta ceann de na heintitis dá dtagraítear i bpointe (i) go pointe (iv) a áirítear sa raon feidhme comhdhlúthúcháin de bhun Chaibidil 2 de Theideal II de Chuid a hAon;

Déanfar an modh a roghnófar a chur i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach thar am.

2. Ar mhaithe le cistí dílse a ríomh ar bhonn aonair agus ar bhonn fo-chomhdhlúite, ní dhéanfaidh institiúidí atá faoi réir maoirseachta ar bhonn comhdhlúite i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal II de Chuid a hAon sealúchais ionstraimí cistí dílse de chuid eintiteas earnála airgeadais a asbhaint, ar eintitis iad atá san áireamh i raon feidhme na maoirseachta comhdhlúite, ach amháin má chinneann na húdaráis inniúla go gceanglaítear na hasbhaitntí sin chun críocha sonracha, go háirithe chun gníomhaíochtaí baincéireachta a scaradh go struchtúrach, agus pleanáil réitigh.

Agus an cur chuige seo dá dtagraítear sa chéad fhomhír á chur i bhfeidhm ní fhéadfaidh go mbeidh éifeachtaí díobhálacha díréireacha i gceist don chóras airgeadais i bpáirt nó ina iomláine i mBallstáit eile nó de chuid an AE ina iomláine ina fhoirmeoidh nó ina chruthóidh sé constaic i gcoinne fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

▼M8

Ní bheidh feidhm ag an mír seo nuair a bheifear ag ríomh cistí dílse chun críocha na gceanglas a leagtar síos in Airteagail 92a agus 92b, rud a ríomhfar i gcomhréir leis an gcreat asbhainte a leagtar amach in Airteagal 72e(4).

▼B

3. Chun críocha cistí dílse a ríomh ar bhonn aonair nó ar bhonn fo-chomhdhlúite, féadfaidh na húdaráis inniúla a cheadú do na hinstitiúidí gan sealúchais ionstraimí cistí dílse a asbhaint sna cásanna a leanas:

(a) áit a bhfuil sealúchas ag institiúid in institiúid eile agus áit a gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear i bpointí (i) go (v);

(i) tá na hinstitiúidí faoi chuimsiú na scéime cosanta institiúideach céanna dá dtagraítear in Airteagal 113(7);

(ii) tá an cead dá dtagraítear in Airteagal 113(7) tugtha ag na húdaráis inniúla;

▼B

(iii) comhlíonadh na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 113(7);

(iv) leis an scéim chosanta institiúideach déantar clár comhardaithe comhdhlúite dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 113(7) a tharraingt suas, áit nach gceanglaítear é cuntais chomhdhlúite a tharraingt suas, déanfar ríomh comhiomlán leathnaithe atá, chun sástachta na n-údarás inniúil, coibhéiseach leis na forálacha i dTreoir 86/635/CCE, Treoir a ionchorpraíonn oiriúnuithe áirithe a rinneadh ar fhorálacha Sheachtú Treoir 83/349/CEE ón gComhairle an 13 Meitheamh 1983 nó Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002, a rialaíonn cuntais chomhdhlúite na n-institiúidí creidmheasa. Déanfar coibhéise an ríomha chomhiomláin leathnaithe a fhíorú trí iniúchóir seachtrach agus fíorófar go háirithe go ngeofar réidh le hil-úsáidí gnéithe atá incháilithe chun cistí dílse a ríomh chomh maith le cistí dílse ar bith a chruthaítear go míchuí idir comhaltaí na scéime cosanta institiúid maidir leis an ríomh sin; ►M8 Déanfar an clár comhardaithe comhdhlúite nó an ríomh comhiomlán leathnaithe a thuairisciú chuig na húdaráis inniúla chomh minic agus a leagtar amach sna ceanglais theicniúla chur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 430(7); ◄

►M8 (v) comhlíonann na hinstitiúidí atá ar áireamh i scéim chosanta institiúideach na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 92 ar bhonn comhdhlúite nó ar bhonn comhiomlán fadaithe agus déanann siad comhlíonadh na gceanglas sin a thuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 430. ◄ Laistigh de scéim chosanta institiúideach, níl sé de cheangal ús na gcomhaltaí comharchumainn nó na n-eintiteas dlíthiúil a asbhaint, nach comhaltaí den Scéim Chosanta Institiúideach iad, ar an gcoinníoll go bhfaighfear réidh le hil-úsáidí gnéithe atá incháilithe chun cistí dílse a ríomh chomh maith le cistí dílse ar bith a chruthaítear go míchuí idir comhaltaí na scéime cosanta institiúidí agus an scairshealbhóir mionlaigh, nuair atá institiúid i gceist.

(b) i gás ina bhfuil sealúchas ag institiúid chreidmheasa réigiúnach ina hinstitiúid chreidmheasa lárnach nó in institiúid chreidmheasa réigiúnach eile agus go gcomhlíontar na coinníollacha atá leagtha síos i bpointí (a)(i) go (v).

4. Na sealúchais sin nach ndéantar asbhaint ina leith i gcomhréir le mír 1, le mír 2 nó le mír 3, cáileoidh siad mar risíochtaí cothromais agus déanfar iad a ualú ó thaobh priacal i gcomhréir le Caibidil 2 nó le Caibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí, de réir mar is infheidhme.

►C2 5. Áit ina gcuirfidh institiúid modh 1, modh 2 nó modh 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2002/87/CE i bhfeidhm, nochtfaidh an institiúid ◄ ceanglas forlíontach na gcistí dílse agus an cóimheas leordhóthanacht chaipitil den ilchuideachta airgeadais mar a ríomhfar i gcomhréir le hAirteagal 6 den treoir sinagus le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin.

6. Forbróidh an ÚBE, an UAPGE (an tÚdarás Árachais agus Pinsin Ghairme Eorpach) agus an tÚdarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí) (ÚEUM) arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 [1], trí bhíthin an Chomhchoiste, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn a shonrú chun críocha an Airteagail seo na coinníollacha maidir leis na modhanna ríofa atá liostaithe in Iarscríbhinn I, Cuid II de Threoir 2002/87/CE a chur i bhfeidhm chun críocha na roghanna eile asbhainte dá dtagraítear i mír 1 den Rialachán seo.

---

(1) IO L 331, 15.12.2010, lch. 84.

▼C1

Cuirfidh an ÚBE, an ÚAPGE agus an tÚdarás Eorpach Urrús na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Iúil 2013.

▼B

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, faoi seach.

### Foroinn 4

### Caipiteal ghnáthchothromas leibhéal 1

*Airteagal 50*

**Gnáthchothromas Leibhéal 1**

Is é atá i gCaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 institiúide ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 tar éis na coigeartuithe is gá de réir Airteagail 32 go 35, na hasbhaintí de bhun Airteagal 36 agus na díolúintí agus na roghanna eile asbhainte atá leagtha síos in Airteagal 48, in Airteagal 49 agus in Airteagal 79 a chur i bhfeidhm.

## *CAIBIDIL 3*

## ***Caipiteal Breise Leibhéal 1***

### Roinn 1

### Ítimí agus ionstraimí chaipiteal breise leibhéal 1

*Airteagal 51*

**Ítimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1**

Is iad seo a leanas atá in ítimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1:

(a) ionstraimí caipitil, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 52(1);

(b) na cuntais scairbhisigh a bhaineann leis na hionstraimí dá dtagraítear i bpointe (a).

Ionstraimí a chuimsítear faoi phointe (a), ní cháileoidh siad mar ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 ná mar ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 2.

*Airteagal 52*

**Ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1**

1. Cáileoidh na hionstraimí mar ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 ar an gcoinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

▼M8

(a) eisíonn institiúid na hionstraimí go díreach agus tá siad íoctha go hiomlán;

(b) ní le haon cheann díobh seo a leanas na hionstraimí:

▼B

(i) an institiúid nó a fochuideachtaí;

▼B

(ii) gnóthas ina bhfuil rannpháirtíocht ag an institiúid ann i bhfoirm úinéireachta dhíreach ar 20 % nó níos mó de na cearta vótála nó de chaipiteal an ghnóthais sin, nó i bhfoirm úinéireachta trí na nithe sin a rialú;

▼M8

(c) ní dhéanann an institiúid éadáil úinéireacht na n-ionstraimí a chistiú go díreach nó go hindíreach;

▼B

(d) tá na hionstraimí aicmithe níos ísle ná ionstraimí Chaipiteal Leibhéal 2 i gcás dhócmhainneacht na hinstitiúide;

(e) níl na hionstraimí urraithe, ná faoi réir ráthaíochta lena gcuirtear le sinsearacht na n-éileamh ag aon cheann díobh seo a leanas:

(i) an institiúid nó a fochuideachtaí;

(ii) máthairghnóthas na hinstitiúide nó fochuideachtaí na hinstitiúide;

(iii) an mháthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais nó a fochuideachtaí;

(iv) an chuideachta shealbhaíochta ghníomhaíochtaí measctha nó a fochuideachtaí;

(v) an chuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha agus a fochuideachtaí;

(vi) aon ghnóthas a bhfuil dlúthnaisc aige le heintitis dá dtagraítear i bpointe (i) go pointe (v)

(f) níl na hionstraimí faoi réir ag aon socrú, idir shocrú conarthach nó eile, a chuireann le sinsearacht an éilimh faoi na hionstraimí atá dócmhainneach nó faoi leachtú;

(g) is ionstraimí síoraí iad agus níl aon dreasacht áirithe sna forálacha lena rialaítear iad ionas go mbeidh an institiúid in ann iad a fhuascailt;

▼M8

(h) i gcás ina n-áirítear leis na hionstraimí luathrogha amháin ar fhuascailt, nó níos mó, lena n-áirítear céadroghanna ar cheannach, féadfar na roghanna a fheidhmiú de réir lánrogha iomlán an eisitheora;

▼B

(i) ní fhéadfar na hionstraimí a ghlaoch, a fhuascailt nó a athcheannach ach amháin i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 77, agus tráth nach túisce ná cúig bliana tar éis na heisiúna ach amháin i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 78(4);

▼M8

(j) ní thugtar le fios go sainráite ná go hintuigthe sna forálacha lena rialaítear na hionstraimí go ndéanfadh an institiúid ionstraimí a cheannach, a fhuascailt nó a athcheannach, de réir mar is infheidhme, ach amháin i gcás dhócmhainneacht nó leachtú na hinstitiúide agus nach dtugann an institiúid an méid sin le fios ar aon tslí eile;

▼B

(k) ní thugann an institiúid le fios go sainráite nó go hintuigthe go dtabharfadh an t-údarás inniúil toiliú d'iarratas chun na hionstraimí a ghlaoch, a fhuascailt nó a athcheannach;

(l) comhlíonann dáileacháin faoi na hionstraimí na coinníollacha seo a leanas:

(i) íoctar amach as ítimí indáilte iad;

▼B

(ii) ní leasófar leibhéal na ndáileachán a dhéanfar faoi na hionstraimí ar bhonn sheasamh creidmheasa na hinstitiúide nó a máthairghnóthas;

(iii) tugann na forálacha lena rialaítear na hionstraimí lánrogha don institiúid tráth ar bith na dáileacháin faoi na hionstraimí a chur ar ceal ar feadh tréimhse gan teorainn agus ar bhonn neamhcharnach, agus féadfaidh an institiúid íocaíochtaí cealaithe den sórt sin a úsáid gan srian chun a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad dlite;

(iv) ní hionann cealú na ndáileachán agus mainneachtain na hinstitiúide;

(v) ní fhorchuireann an cealú dáileachán aon srianta ar an institiúid;

(m) ní rannchuidíonn na hionstraimí le cinneadh go sáraíonn dliteanais institiúide a cuid sócmhainní, i gcás ina gcuimsíonn cinneadh den sórt sin tástáil dócmhainneachta faoin dlí náisiúnta is infheidhme;

(n) ceanglaíonn na forálacha lena rialaítear na hionstraimí go ndéanfaí, tráth a dtarlaíonn eachtra thucaide, díluacháil ar bhonn buan nó sealadach ar mhéid phríomhshuim na n-ionstraimí, nó go ndéanfaí na hionstraimí a chomhshó ina n-ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1,.

(o) ní áirítear leis na forálacha lena rialaí tear na hionstraimí aon ghné a d'fhéadfadh bac a chur ar athchaipitliú na hinstitiúide;

▼M8

(p) i gcás ina bhfuil an t-eisitheoir bunaithe i dtríú tír agus ar ainmníodh é i gcomhréir le hAirteagal 12 de Threoir 2014/59/AE mar chuid de ghrúpa réitigh a bhfuil a eintiteas réitigh bunaithe san Aontas, nó i gcás ina bhfuil an t-eisitheoir bunaithe i mBallstát, de réir an dlí nó de réir forálacha conartha lena rialaítear na hionstraimí, ní mór, ar chinneadh ón údarás réitigh an chumhacht díluachála agus comhshó dá dtagraítear in Airteagal 59 den Treoir sin a fheidhmiú, príomhshuim na n-ionstraimí a dhíluacháil ar bhonn buan nó na hionstraimí a chomhshó ina n-ionstraimí Gnáthchothromas Leibhéal 1;

i gcás ina bhfuil an t-eisitheoir bunaithe i dtríú tír agus nár ainmníodh é i gcomhréir le hAirteagal 12 de Threoir 2014/59/AE mar chuid de ghrúpa réitigh a bhfuil a eintitis réitigh bunaithe san Aontas, ceanglaítear leis an dlí, nó le forálacha conartha, lena rialaítear na hionstraimí, nach mór, ar chinneadh ón údarás ábhartha sa tríú tír, príomhshuim na n-ionstraimí a dhíluacháil ar bhonn buan nó na hionstraimí a chomhshó ina n-ionstraimí Gnáthchothromas Leibhéal 1;

(q) i gcás ina bhfuil an t-eisitheoir bunaithe i dtríú tír agus ar ainmníodh é i gcomhréir le hAirteagal 12 de Threoir 2014/59/AE mar chuid de ghrúpa réitigh a bhfuil a eintiteas réitigh bunaithe san Aontas, nó i gcás ina bhfuil an t-eisitheoir bunaithe i mBallstát, is i gcás ina bhfuil feidhmiú na cumhachta díluachála agus comhshó dá dtagraítear in Airteagal 59 den Treoir sin de réir dlíthe tríú tír, ina bhfuil an feidhmiú sin éifeachtach agus infheidhmithe ar bhonn forálacha reachtacha nó forálacha conartha a aithníonn gníomhartha réitigh nó gníomhartha díluachála nó comhshó eile, agus sa chás sin amháin, a fhéadfar ionstraimí a eisiúint faoi dhlíthe tríú tír nó a chur faoi réir na ndlíthe sin ar dhóigh eile;

▼M8

(r) níl na hionstraimí faoi réir socruithe fritháirimh nó socruithe glan-luachála a chuirfeadh isteach ar a n-acmhainn ionsúite caillteanas.

▼B

Measfar go gcomhlíonfar an coinníoll a leagtar amach i bpointe (d) den chéad fhomhír, d'ainneoin go n-áirítear na hionstraimí i gCaipiteal Breise Leibhéal 1 agus i gCaipiteal Leibhéal 2 de bhua Airteagal 484(3), ar choinníoll go bhfuil siad ar chomhchéim.

▼M8

Chun críocha phointe (a) den chéad fhomhír, ní bheidh ach an chuid den ionstraim chaipitil atá lánîoctha i dteideal a cháilithe mar ionstraim de Chaipiteal Breise Leibhéal 1.

▼B

2. Forbróidh an ÚBE dréacht-chaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na nithe seo a leanas a shonrú:

(a) foirm agus cineál na ndreasachtaí fuascailte;

(b) cineál aon uasluachála mhéid na príomhshuime d'ionstraim de Chaipiteal Breise Leibhéal 1 tar éis mhéid a príomhshuime a dhíluacháil ar bhonn sealadach.

(c) na nósanna imeachta agus an t-uainiú dóibh seo a leanas:

(i) cinneadh a dhéanamh gur tharla eachtra thucaide;

(ii) uasluacháil mhéid na príomhshuime d'ionstraim de Chaipiteal Breise Leibhéal 1 tar éis mhéid a príomhshuime a dhíluacháil ar bhonn sealadach;

(d) gnéithe d'ionstraimí a d'fhéadfadh bac a chur ar athchaipitliú na hinstitiúide;

(e) eintitis shainchuspóireacha a úsáid chun ionstraimí cistí dílse a eisiúint go hindíreach.

▼C1

Cuirfidh an ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Iúil 2013.

▼B

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na dréacht-chaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 53*

**Srianta ar dháileacháin faoi ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 a chur ar ceal agus gnéithe a d'fhéadfadh bac a chur ar athchaipitliú na hinstitiúide**

Chun críocha phointí (l)(v) agus (o) d'Airteagal 52(1), ní áireofar iad seo a leanas go háirithe sna forálacha lena rialaítear ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1:

(a) ceanglas maidir le dáileacháin faoi na hionstraimí a dhéanamh i gcás ina ndéantar dáileachán faoi ionstraim arna heisiúint ag an institiúid atá aicmithe ar chomhchéim, nó níos ísle ná, ionstraim de Chaipiteal Breise Leibhéal 1, lena n-áirítear ionstraim de Ghnáth-chothromas Leibhéal 1;

(b) ceanglas chun íocaíocht dáileacháin faoi ionstraimí Ghnáthcho-thromas Leibhéal 1, de Chaipiteal Breise Leibhéal 1 nó de Chaipiteal Leibhéal 2 a chur ar ceal i gcás nach ndéantar dáileacháin faoi na hionstraimí sin de Chaipiteal Breise Leibhéal 1;

▼B

(c) oibleagáid maidir le híocaíocht in aon fhoirm eile a chur in ionad na híocaíochta úis nó díbhinne. Ní bheidh an institiúid faoi réir ag oibleagáid den sórt sin ar aon shlí eile.

*Airteagal 54*

**Ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 a dhíluacháil nó a chomhshó**

1. Chun críocha phointe (n) d'Airteagal 52(1), beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir le hionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1:

(a) tarlóidh eachtra thucaide nuair a thitfidh an cóimheas de Ghnáth-chothromas Leibhéal 1 atá ag an institiúid dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 92(1) faoi bhun ceachtar díobh seo a leanas:

(i) 5.125 %;

(ii) leibhéal níos airde ná 5.125 %, i gcás inar chinntigh an institiúid é agus inar sonraíodh é sna forálacha lena rialaítear an ionstraim;

(b) Féadfaidh institiúidí eachtra thucaide amháin nó níos mó a shonrú sna forálacha lena rialaítear an ionstraim, de bhreis ar an eachtra a dtagraítear di i bpointe(a);

(c) i gcás ina gceanglaíonn na forálacha lena rialaítear na hionstraimí iad a chomhshó ina ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1, tráth a dtarlaíonn eachtra thucaide, sonróidh na forálacha sin ceachtar díobh seo a leanas:

(i) ráta comhshóite den sórt sin agus teorainn ar an méid comh-shóite a cheadófar;

(ii) raon, ar laistigh de, a chomhshóidh na hionstraimí ina n-ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1;

(d) i gcás ina gceanglaíonn na forálacha lena rialaítear na hionstraimí méid a bpríomhshuime a dhíluacháil tráth a dtarlaíonn eachtra thucaide, laghdófar na nithe seo a leanas ar fad sa díluacháil:

(i) éileamh shealbhóir na hionstraime i ndócmhainneacht nó i leachtú na hinstitiúide;

(ii) an méid a cheanglaítear a íoc i gcás ina ndéantar an ionstraim a ghlaoch nó a fhuascailt;

(iii) na dáileacháin a dhéantar faoin ionstraim;

▼M8

(e) i gcás ina n-eisíonn gnóthas fochuideachta atá bunaithe i dtríú tír na hionstraimí Leibhéal 1 Breise, déanfar an truicear dar méid 5,125 % nó níos airde, dá dtagraítear i bpointe (a) a ríomh i gcomhréir le dlí náisiúnta an tríú tír sin nó leis na forálacha conarthacha lena rialaítear na hionstraimí, ar choinníoll gur deimhin leis an údarás inniúil, tar éis dó dul i gcomhairle le ÚBE, go bhfuil na forálacha sin comhionann, ar a laghad, leis na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo.

▼B

2. Le díluacháil nó le comhshó ionstraim de Chaipiteal Breise Leibhéal 1, déanfar, faoin gcreat cuntasaíochta is infheidhme, ítimí a ghiniúint a cháilíonn mar ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1.

▼B

3. Tá méid na n-ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 a aithnítear in ítimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 teoranta d'íosmhéid na n-ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a ghinfí dá ndéanfaí méid phríomhshuim na n-ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 a dhíluacháil go hiomlán nó a chomhshó ina n-ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1.

4. Maidir le méid comhiomlán ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 nach mór a dhíluacháil nó a chomhshó tráth a dtarlaíonn eachtra thucaide, ní bheidh sé níos lú ná an ceann is ísle de na méideanna seo a leanas:

(a) an méid a theastaíonn chun an cóimheas caipitil de Ghnáthchothromas Leibhéal 1 institiúide a chur ar ais go hiomlán go 5.125 %;

(b) méid iomlán phríomhshuim na hionstraime.

5. Nuair a tharlóidh eachtra thucaide déanfaidh institiúidí an méid seo a leanas:

(a) na hinstitiúidí inniúla a chur ar an eolas láithreach bonn;

(b) sealbhóirí na nIonstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 a chur ar an eolas;

(c) príomhshuim na n-ionstraimí a dhíluacháil, nó na hionstraimí a chomhshó ina n-ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 gan mhoill, ach tráth nach déanaí ná i gceann mí amháin, i gcomhréir leis an gceanglas a leagtar síos san Airteagal seo.

6. Déanfaidh institiúid a eisíonn ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 a chomhshónn ina n-ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 tráth a dtarlaíonn eachtra thucaide a áirithiú gur leor i gcónaí a scairchaipiteal údaraithe chun na hionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 inchomhshóite sin go léir a chomhshó ina scaireanna má tharlaíonn eachtra thucaide. Gheofar na húdaruithe uile is gá ar dháta eisiúna na n-ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 in-chomhshóite sin. Coinneoidh an institiúid an réamhúdarú is gá chun na hionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a eisiúint, ar ionstraimí iad ina gcomhshódh na hionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 sin tráth a tharlódh eachtra thucaide.

7. Déanfaidh institiúid a eisíonn ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 a chomhshónn ina n-ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 tráth a dtarlaíonn eachtra thucaide a áirithiú nach mbeidh baic nós imeachta ann leis an gcomhshó sin de bhun a hionchorpraithe nó a reachtanna nó de bhun socruithe reachtúla nó conarthacha.

*Airteagal 55*

**Na hiarmhairtí nuair a scoirtear de bheith ag comhlíonadh na gcoinníollacha maidir le hionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1**

Beidh feidhm ag an méid seo a leanas i gcás ina scoirtear, i gcás ionstraime de Chaipiteal Breise Leibhéal 1, de bheith ag comhlíonadh na gcoinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 52(1):

(a) scoirfidh an ionstraim láithreach bonn de bheith cáilithe mar ionstraim de Chaipiteal Breise Leibhéal 1;

▼B

(b) scoirfidh an chuid sin de na cuntais scairbhisigh, ar cuid í a bhaineann leis an ionstraim sin, láithreach bonn de bheith cáilithe mar ítimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1.

Roinn 2

**Asbhaintí as ítimí chaipiteal breise leibhéal 1**

*Airteagal 56*

**Asbhaintí as ítimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1**

Asbhainfidh institiúidí na nithe seo a leanas as ítimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1:

(a) sealúchais dhíreacha, indíreacha agus sintéiseacha d'ionstraimí dílse de Chaipiteal Breise Leibhéal 1 atá ag institiúid, lena n-áirítear ionstraimí dílse de Chaipiteal Breise Leibhéal 1 a d'fhéadfadh a bheith d'oibleagáid ar institiúid a cheannach mar thoradh ar oibleagáidí conarthacha atá ann cheana;

(b) sealúchais, bíodh siad díreach, indíreach nó sintéiseach, d'ionstraimí Chaipiteal Leibhéal 1 eintiteas earnála airgeadais ina bhfuil tras-sealúchais chómhalartacha ag an institiúid leis na heintitis sin agus a mheasann an t-údarás inniúil gur ceapadh iad chun cistí dílse na hinstitiúide a bhoilsciú go saorga;

(c) méid infheidhme, a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 60, na sealúchas díreach, indíreach agus sintéiseach d'ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 eintiteas earnála airgeadais, i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag institiúid sna heintitis sin;

(d) sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha d'ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 eintiteas earnála airgeadais atá ag an institiúid i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin, cé is moite de shuímh frithghealltа arna sealbhú ar feadh chúig lá oibre nó níos giorra;

▼C3

(e) méid na n-ítimí is gá a asbhaint as ítimí Breise Leibhéal 2 de bhun Airteagal 66 a sháraíonn ítimí Leibhéal 2 na hinstitiúide;

▼B

(f) aon mhuirear cánach a bhaineann le hítimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 a bheidh intuartha tráth a ríofa, cé is moite de chás ina ndéanann an institiúid oiriúnú cuí ar mhéid na n-ítimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 a mhéid is a laghdaíonn muirir chánach den sórt sin an t-uasmhéid ar féidir na hítimí sin a chur i bhfeidhm air chun priacail nó caillteanais a chumhdach.

▼B

*Airteagal 57*

**Sealúchais d'ionstraimí dílse de Chaipiteal Breise Leibhéal 1 a asbhaint**

Chun críocha phointe (a) d'Airteagal 56, ríomhfaidh institiúidí sealúchais d'ionstraimí dílse de Chaipiteal Breise Leibhéal 1 ar bhonn ollsuíomh fada faoi réir na n-eisceachtaí seo a leanas:

(a) féadfaidh institiúidí méid na sealúchas d'ionstraimí dílse Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a ríomh ar bhonn an ghlansuímh fhada ar an gcoinníoll go gcomhlíonfar an dá choinníoll seo a leanas:

(i) go bhfuil an risíocht fholuiteach chéanna ag na suímh fhada agus ghearra agus nach bhfuil aon priacal contrapháirtí ag baint leis na suímh ghearra;

(ii) go gcoimeádtar suímh ghearra agus fhada araon sa leabhar neamhthrádála nó go gcoimeádtar iad araon sa leabhar trádála;

(b) déanfaidh institiúidí an méid a asbhainfear i dtaca le sealúchais dhíreacha, indíreacha nó shintéiseacha d'urrúis innéacsanna a chinneadh tríd an risíocht fholuiteach ar ionstraimí dílse de Chaipiteal Breise Leibhéal 1 sna hinnéacsanna sin a ríomh;

(c) féadfaidh institiúidí ollsuímh fhada in ionstraimí dílse de Chaipiteal Breise Leibhéal 1 a thig ó shealúchais d'urrúis innéacsanna a ghlanluacháil i gcoinne suíomh gearr in ionstraimí dílse de Chaipiteal Breise Leibhéal 1 a thig ó shuímh ghearra sna hinnéacsanna foluiteacha, lena n-áirítear an cás ina bhfuil priacal contrapháirtí ag baint leis na suímh ghearra sin, ar an gcoinníoll go gcomhlíonfar an dá choinníoll seo a leanas:

(i) go bhfuil na suímh fhada agus ghearra sna hinnéacsanna foluiteacha céanna;

(ii) go gcoimeádtar na suímh ghearra agus na suímh fhada araon sa leabhar neamhthrádála nó sa leabhar trádála;

*Airteagal 58*

**Sealúchais d'ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais a asbhaint i gcás ina bhfuil trassealúchas cómhalartach a ceapadh go saorga chun cistí dílse a bhoilsciú ag institiúid**

Déanfaidh institiúidí na hasbhaintí a cheanglaítear faoi phointe (b), phointe (c) agus phointe (d) d'Airteagal 53 i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

(a) déanfar sealúchais d'ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 a ríomh ar bhonn na n-ollsuíomh fada;

▼B

(b) déanfar ítimí chistí dílse d'árachas breise Leibhéal 1 a láimhseáil mar shealúchais d'ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 chun críocha asbhainte.

*Airteagal 59*

**Sealúchais d'ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 de chuid eintiteas earnála airgeadais a asbhaint**

Déanfaidh institiúidí na hasbhaintí a cheanglaítear faoi phointe (c) agus faoi phointe (d) d'Airteagal 56 i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

(a) féadfaidh siad sealúchais dhíreacha, indíreacha agus sintéiseacha d'ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1eintiteas earnála airgeadais a ríomh ar bhonn an ghlansuímh fhada atá sa risíocht fholuiteach chéanna ar an gcoinníoll go gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:

▼M8

(i) dáta aibíochta an tsuímh ghearr, is ionann é agus dáta aibíochta an tsuímh fhada nó is déanaí é ná an dáta sin, nó is é bliain amháin, ar a laghad, aibíocht iarmhair an tsuímh ghearr;

▼B

(ii) go gcoimeádtar suímh ghearra agus fhada araon sa leabhar neamhthrádála nó go gcoimeádtar iad araon sa leabhar trádála;

(b) déanfaidh institiúidí an méid a asbhainfear i dtaca le sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha d'urrúis innéacsanna a chinneadh tríd an risíocht fholuiteach ar ionstraimí caipitil na n-eintiteas earnála airgeadais sna hinnéacsanna sin a ríomh;

*Airteagal 60*

**Sealúchais d'ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 a asbhaint i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag institiúid in eintiteas earnála airgeadais**

1. Chun críocha phointe (c) d'Airteagal 56, ríomhfaidh institiúidí an méid is infheidhme a asbhainfear tríd an méid dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo a iolrú faoin bhfachtóir a dhíorthaítear ón ríomh dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír seo:

▼C2

(a) an méid comhiomlán a sháraíonn na sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha d'ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1, de Chaipiteal Breise Leibhéal 1 agus de Chaipiteal Leibhéal 2 eintiteas earnála airgeadais nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid iontu 10 % de na hítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 atá ag an institiúid agus ríomhtar an méid comhiomlán sin tar éis iad seo a leanas a chur i bhfeidhm:

▼B

(i) Airteagail 32 go 35;

(ii) pointí (a) go (g) agus pointe (k)(ii) go pointe k(v) agus mír (1) d'Airteagal 36(1), cé is moite de shócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht todhchaí agus a thig ó dhifríochtaí sealadacha;

(iii) Airteagal 44 agus Airteagal 45;

▼B

(b) an méid comhiomlán a sháraítear leis na sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha d'ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 d'eintitis sin na hearnála airgeadais nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid iontu a roinnt faoi mhéid foriomlán na sealúchas díreach, indíreach agus sintéiseach atá i seilbh na hinstitiúide d'ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1, ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 agus ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal Breise 2 n-eintiteas earnála airgeadais sin.

2. Déanfaidh institiúidí suímh fhrithghealltа arna sealbhú ar feadh chúig lá oibre nó níos giorra a eisiamh ón méid dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 agus ó ríomh an fhachtóra dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1.

▼C2

3. Déanfar an méid atá le hasbhaint de bhun mhír 1 a chionroinnt thar gach ionstraim de Chaipiteal Breise Leibhéal 1 arna sealbhú. Déanfaidh na hinstitiúidí an méid a bheidh le hasbhaint ó gach ionstraim de Chaipiteal Breise Leibhéal 1 de bhun mhír 1 a chinneadh tríd an méid atá sonraithe i bpointe (a) den mhír seo a iolrú leis an gcion atá sonraithe i bpointe (b) den mhír seo:

(a) méid na sealúchas is gá a asbhaint de bhun mhír 1;

(b) cion mhéid comhiomlán na sealúchas díreach, indíreach agus sintéiseach d'ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 eintiteas earnála airgeadais atá ag an institiúid agus nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin atá in ionannas le gach ionstraim Chaipiteal Breise Leibhéal 1 arna sealbhú.

▼B

4. Ní asbhainfear méid na sealúchas dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 56 atá cothrom le nó níos lú ná 10 % de na hítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 atá ag an institiúid tar éis na forálacha atá leagtha síos i bpointí (a)(i), (ii) agus(iii) de mhír 1 a chur i bhfeidhm agus beidh siad faoi réir na n-ualaí priacal is infheidhme i gcomhréir le Caibidil 2 nó Caibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí agus na gceanglas atá leagtha síos i dTeideal IV de Chuid a Trí, de réir mar is infheidhme.

▼C2

5. Déanfaidh institiúidí méid gach ionstraim Chaipiteal Breise Leibhéal 1 atá ualaithe de réir priacal de bhun mhír 4 a chinneadh tríd an méid atá sonraithe i bpointe (a) den mhír seo a iolrú leis an méid atá sonraithe i bpointe (b) den mhír seo:

(a) méid na sealúchas is gá a ualú de réir priacal de bhun mhír 4;

(b) an cion a eascraíonn as an ríomh i bpointe (b) de mhír 3.

▼B

Roinn 3

**Caipiteal breise leibhéal 1**

*Airteagal 61*

**Caipiteal Breise Leibhéal 1**

Is é atá i gCaipiteal Breise Leibhéal 1 institiúide ítimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 tar éis na hítimí dá dtagraítear in Airteagal 56 a asbhaint agus tar éis Airteagal 79 a chur i bhfeidhm.

*CAIBIDIL 4*

***Caipiteal Leibhéal 2***

Roinn 1

**Itimí agus ionstraimí chaipiteal leibhéal 2**

*Airteagal 62*

**Ítimí Leibhéal 2**

Is iad seo a leanas atá in ítimí Chaipiteal Leibhéal 2:

▼M8

(a) ionstraimí caipitil, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 63, agus a mhéid a shonraítear in Airteagal 64;

▼B

(b) na cuntais scairbhisigh a bhaineann le hionstraimí dá dtagraítear i bpointe (a);

(c) maidir le hinstitiúidí a ríomhann méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal II de Chuid a Trí, coigeartuithe ginearálta i leith priacal creidmheasa, agus éifeachtaí cánach san áireamh, go dtí 1.25 % de mhéideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal arna ríomh i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal II de Chuid a Trí;

(d) maidir le hinstitiúidí a dhéanann méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh faoi Chaibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí méideanna deimhneacha, agus éifeachtaí cánach san áireamh, a thig ón ríomh atá leagtha síos in Airteagal 158 agus Airteagal 158 go dtí 0.6 % de mhéideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomhtar faoi Chaibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí.

Ní cháileoidh ítimí a áirítear faoi phointe (a) mar ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 ná Chaipiteal Breise Leibhéal 1.

*Airteagal 63*

**Ionstraimí Chaipiteal Leibhéal 2**

▼M8

Cáileoidh ionstraimí caipitil mar ionstraimí Leibhéal 2 ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

▼**M8**

(a) eisíonn institiúid na hionstraimí go díreach agus tá siad íoctha ina n-iomláine;

(b) ní le haon cheann díobh seo a leanas na hionstraimí:

▼**B**

(i) an institiúid nó a fochuideachtaí;

(ii) gnóthas ina bhfuil rannpháirtíocht ag an institiúid ann i bhfoirm úinéireachta dhíreach ar 20 % nó níos mó de na cearta vótála nó de chaipiteal an ghnóthais sin, nó i bhfoirm úinéireachta trí na nithe sin a rialú;

▼**M8**

(c) ní dhéanann an institiúid éadáil úinéireacht na n-ionstraimí a chistiú go díreach nó go hindíreach;

(d) tá an t-éileamh ar mhéid phríomhshuim na n-ionstraimí faoi na forálacha lena rialaítear na hionstraimí rangaithe faoi bhun aon éilimh ó ionstraimí dliteanas incháilithe;

(e) níl na hionstraimí urraithe, ná faoi réir ráthaíocht lena gcuirtear le sinsearacht an éilimh ag aon cheann díobh seo a leanas:

▼**B**

(i) an institiúid nó a fochuideachtaí;

(ii) máthairghnóthas na hinstitiúide nó fochuideachtaí na hinstitiúide;

(iii) an mháthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais nó a fochuideachtaí;

(iv) an chuideachta shealbhaíochta ghníomhaíochtaí measctha nó a fochuideachtaí;

(v) an chuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha nó a fochuideachtaí;

(vi) aon ghnóthas a bhfuil dlúthnaisc aige le heintitis dá dtagraítear i bpointe (i) go pointe (v);

▼**M8**

(f) níl na hionstraimí faoi réir aon socrú a chuireann le sinsearacht an éilimh faoi na hionstraimí;

(g) tá aibíocht bunaidh cúig bliana ar a laghad ag na hionstraimí;

(h) sna forálacha lena rialaítear na hionstraimí, níl aon dreasacht do na hinstitiúidí chun a méid príomhshuime a fhuascailt nó a aisíoc, mar is infheidhme, roimh thráth a n-aibíochta;

(i) i gcás ina n-áirítear leis na hionstraimí luathrogha amháin ar aisíoc, nó níos mó, lena n-áirítear céadroghanna ar cheannach, féadfar na roghanna a fheidhmiú de réir lánrogha iomlán an eisitheora;

(j) ní fhéadfar na hionstraimí a cheannach, a fhuascailt, a aisíoc nó a athcheannach go luath, ach amháin i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 77, agus tráth nach túisce ná cúig bliana tar éis an dáta eisiúna ach amháin i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 78(4);

▼M8

(k) ní thugtar le fios go sainráite ná go hintuigthe sna forálacha lena rialaítear na hionstraimí go ndéanfadh an institiúid ionstraimí a cheannach, a fhuascailt, a aisíoc nó a athcheannach go luath, de réir mar is infheidhme, ach amháin i gcás dhócmhainneacht nó leachtú na hinstitiúide agus nach dtugann an institiúid an méid sin le fios ar aon tslí eile;

(l) ní thugann na forálacha lena rialaítear na hionstraimí an ceart don sealbhóir dlús a chur faoi íocaíocht sceidealta an úis nó na príomhshuime amach anseo, ach amháin i gcás dhócmhainneacht nó leachtú na hinstitiúide;

(m) ní leasófar an leibhéal úis nó na híocaíochtaí díbhinne, de réir mar is infheidhme, a bheidh dlite ar na hionstraimí ar bhonn sheasamh creidmheasa na hinstitiúide nó a máthairghnóthas;

(n) i gcás ina bhfuil an t-eisitheoir bunaithe i dtríú tír agus ar ainmníodh é i gcomhréir le hAirteagal 12 de Threoir 2014/59/AE mar chuid de ghrúpa réitigh a bhfuil a eintiteas réitigh bunaithe san Aontas, nó i gcás ina bhfuil an t-eisitheoir bunaithe i mBallstát, de réir an dlí nó de réir forálacha conartha lena rialaítear na hionstraimí, ní mór, ar chinneadh ón údarás réitigh an chumhacht díluachála agus comhshó dá dtagraítear in Airteagal 59 den Treoir sin a fheidhmiú, príomhshuim na n-ionstraimí a dhíluacháil ar bhonn buan nó na hionstraimí a chomhshó ina n-ionstraimí Gnáthchothromas Leibhéal 1;

i gcás ina bhfuil an t-eisitheoir bunaithe i dtríú tír agus nár ainmníodh é i gcomhréir le hAirteagal 12 de Threoir 2014/59/AE mar chuid de ghrúpa réitigh a bhfuil a eintitis réitigh bunaithe san Aontas, ceanglaítear leis an dlí, nó le forálacha conartha, lena rialaítear na hionstraimí, nach mór, ar chinneadh ón údarás ábhartha sa tríú tír, príomhshuim na n-ionstraimí a dhíluacháil ar bhonn buan nó na hionstraimí a chomhshó ina n-ionstraimí Gnáthchothromas Leibhéal 1;

(o) i gcás ina bhfuil an t-eisitheoir bunaithe i dtríú tír agus ar ainmníodh é i gcomhréir le hAirteagal 12 de Threoir 2014/59/AE mar chuid de ghrúpa réitigh a bhfuil a eintiteas réitigh bunaithe san Aontas, nó i gcás ina bhfuil an t-eisitheoir bunaithe i mBallstát, is i gcás ina bhfuil feidhmiú na cumhachta díluachála agus comhshó dá dtagraítear in Airteagal 59 den Treoir sin de réir dlíthe tríú tír, ina bhfuil an feidhmiú sin éifeachtach agus infheidhmithe ar bhonn forálacha reachtacha nó forálacha conartha a aithníonn gníomhartha réitigh nó gníomhartha díluachála nó comhshó eile, agus sa chás sin amháin, a fhéadfar ionstraimí a eisiúint faoi dhlíthe tríú tír nó a chur faoi réir na ndlíthe sin ar dhóigh eile;

(p) níl na hionstraimí faoi réir socruithe fritháirimh nó socruithe glanluachála a chuirfeadh isteach ar a n-acmhainn ionsúite caillteanas.

Chun críocha phointe (a) den chéad mhír, ní bheidh ach an chuid den ionstraim chaipitil atá lánioctha i dteideal a cháilithe mar ionstraim Leibhéal 2.

*Airteagal 64*

**Ionstraimí de Chaipiteal Leibhéal 2 a amúchadh**

1. Measfar gur ítimí Leibhéal 2 méid iomlán ionstraimí Leibhéal 2 ag a bhfuil aibíocht iarmhair os cionn cúig bliana.

▼M8

2. Déantar an méid a cháilíonn ionstraimí Leibhéal 2 mar ítimí Leibhéal 2 sna cúig bliana deireanacha d'aibíocht na n-ionstraimí a ríomh tríd an toradh a dhíorthaítear ón ríomh dá dtagraítear i bpointe (a) a iolrú faoin méid dá dtagraítear i bpointe (b) mar seo a leanas:

(a) roinntear suim ainmniúil na n-ionstraimí ar an gcéad lá den tréimhse deiridh cúig bliana dá n-aibíocht chonarthach ar líon na laethanta sa tréimhse sin;

(b) líon na laethanta d'aibíocht chonarthach atá fágtha maidir leis na hionstraimí.

▼B

*Airteagal 65*

**Na hiarmhairtí nuair a scoirtear de bheith ag comhlíonadh na gcoinníollacha maidir le hionstraimí Chaipiteal Leibhéal 2**

Beidh feidhm ag an méid seo a leanas i gcás ina scoirtear de bheith ag comhlíonadh na gcoinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 63:

(a) scoirfidh an ionstraim sin láithreach bonn de bheith cáilithe mar ionstraim de Chaipiteal Leibhéal 2;

(b) scoirfidh an chuid de na cuntais scairbhisigh a bhaineann leis an ionstraim sin de bheith cáilithe mar ítimí Chaipiteal Leibhéal 2, láithreach bonn.

Roinn 2

**Asbhaintí as ítimí chaipiteal leibhéal 2**

*Airteagal 66*

**Asbhaintí as ítimí Chaipiteal Leibhéal 2**

Asbhainfear na nithe seo a leanas as ítimí Chaipiteal Leibhéal 2:

(a) sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha d'ionstraimí dílse de Chaipiteal Leibhéal 2 atá ag institiúid, lena n-áirítear ionstraimí dílse de Chaipiteal Leibhéal 2 a d'fhéadfadh a bheith d'oibleagáid ar institiúid a cheannach mar thoradh ar oibleagáidí conarthacha atá ann cheana;

(b) sealúchais, bíodh siad díreach, indíreach nó sintéiseach, d'ionstraimí Chaipiteal Leibhéal 2 eintiteas earnála airgeadais ina bhfuil tras-sealúchais chómhalartacha ag an institiúid leis na heintitis sin agus a mheasann an t-údarás inniúil a gur ceapadh iad chun cistí dílse na hinstitiúide a bhoilsciú go saorga;

(c) méid infheidhme, a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 70, sealúchas díreach, indíreach agus shintéiseach d'ionstraimí Chaipiteal Leibhéal 2 eintiteas earnála airgeadais, i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag institiúid sna heintitis sin;

(d) sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha d'ionstraimí Chaipiteal Leibhéal 2 eintiteas earnála airgeadais atá ag an institiúid i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin, cé is moite de shuímh frithghealltа arna sealbhú ar feadh tréimhse níos giorra ná cúig lá oibre;

▼M8

(e) méid na n-ítimí is gá a asbhaint as ítimí dliteanas incháilithe de bhun Airteagal 72e a sháraíonn ítimí dliteanas incháilithe na hinstitiúide.

▼B

*Airteagal 67*

**Sealúchais d'ionstraimí dílse de Chaipiteal Leibhéal 2 a asbhaint**

Chun críocha phointe (a) d'Airteagal 66, déanfaidh institiúidí sealúchais a ríomh ar bhonn ollsuíomh fada faoi réir na n-eisceachtaí seo a leanas:

(a) féadfaidh institiúidí méid na sealúchas sa leabhar trádála a ríomh ar bhonn an ghlansuímh fhada ar an gcoinníoll go gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:

(i) go bhfuil an risíocht fholuiteach chéanna ag na suímh fhada agus na suímh fhada ghearra agus nach bhfuil aon priacal contrapháirtí ag baint leis na suímh ghearra;

(ii) go gcoimeádtar na suímh ghearra agus na suímh fhada araon sa leabhar neamhthrádála nó go gcoimeádtar iad araon sa leabhar trádála;

(b) déanfaidh institiúidí an méid a asbhainfear i dtaca le sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha atá mar shealúchais d'urrúis innéacsanna a chinneadh tríd an risíocht fholuiteach ar ionstraimí dílse de Chaipiteal Leibhéal 2 sna hinnéacsanna sin a ríomh;

(c) féadfaidh institiúidí ollsuímh fhada in ionstraimí dílse de Chaipiteal Leibhéal 2 a thig ó shealúchais d'urrúis innéacsanna a ghlanluacháil i gcoinne suíomh gearr in ionstraimí dílse de Chaipiteal Leibhéal 2 a thig ó shuímh ghearra sna hinnéacsanna foluiteacha, lena n-áirítear an cás ina bhfuil priacal contrapháirtí ag baint leis na suímh ghearra sin.; ar an gcoinníoll go gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:

(i) go bhfuil an suíomh gearr agus an suíomh fada sna hinnéacsanna foluiteacha céanna;

(ii) go gcoimeádtar na suímh ghearra agus na suímh fhada araon sa leabhar neamhthrádála nó go gcoimeádtar iad araon sa leabhar trádála.

*Airteagal 68*

**Sealúchais d'ionstraimí Chaipiteal Leibhéal 2 eintiteas earnála airgeadais a asbhaint i gcás ina bhfuil tras-sealúchas cómhalartach a ceapadh go saorga chun cistí dílse a bhoilsciú ag institiúid**

Déanfaidh institiúidí na hasbhaintí a cheanglaítear faoi pointí (b), (c) agus (d) d'Airteagal 66 i gcomhréir leis na forálacha seo a leanas:

(a) déanfar sealúchais d'ionstraimí Chaipiteal Leibhéal 2 a ríomh ar bhonn na n-ollshuíomh fada;

(b) déanfar sealúchais d'ítimí chistí dílse d'árachas Leibhéal 2 agus Leibhéal 3 a láimhseáil mar shealúchais d'ionstraimí Chaipiteal Leibhéal 2 chun críocha asbhainte.

▼B

*Airteagal 69*

**Sealúchais d'ionstraimí Chaipiteal Leibhéal 2 de chuid eintiteas earnála airgeadais a asbhaint**

Déanfaidh institiúidí na hasbhaintí a cheanglaítear faoi phointí (c) agus (d) d'Airteagal 66 i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

(a) féadfaidh siad sealúchais dhíreacha, indíreacha agus sintéiseacha d'ionstraimí Chaipiteal Leibhéal 2 eintiteas de chuid na hearnála airgeadais a ríomh ar bhonn an ghlansuímh fhada atá sa risíocht fholuiteach chéanna ar an gcoinníoll go gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:

▼M8

(i) dáta aibíochta an tsuímh ghearr, is ionann é agus dáta aibíochta an tsuímh fhada nó is déanaí é ná an dáta sin, nó is é bliain amháin, ar a laghad, aibíocht iarmhair an tsuímh ghearr;

▼B

(ii) go gcoimeádtar suímh ghearra agus fhada araon sa leabhar neamhthrádála nó go gcoimeádtar iad araon sa leabhar trádála;

(b) déanfaidh siad an méid a asbhainfear i dtaca le sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha d'urrúis innéacsanna a chinneadh ar bhonn na risíochta bunúsaí ar ionstraimí caipitil na n-eintiteas earnála airgeadais ábhartha sna hinnéacsanna sin.

*Airteagal 70*

**Ionstraimí Chaipiteal Leibhéal 2 a asbhaint i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag institiúid in eintiteas ábhartha**

1. Chun críocha phointe (c) d'Airteagal 66, ríomhfaidh institiúidí an méid is infheidhme a asbhainfear tríd an méid dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo a iolrú faoin bhfachtóir a dhíorthaítear ón ríomh dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír seo:

▼C2

(a) an méid comhiomlán a sháraíonn na sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha d'ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1, de Chaipiteal Breise Leibhéal 1 agus de Chaipiteal Leibhéal 2 eintiteas earnála airgeadais nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid iontu 10 % de na hítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 atá ag an institiúid agus ríomhtar an méid comhiomlán sin tar éis iad seo a leanas a chur i bhfeidhm:

(i) Airteagail 32 go 35;

(ii) pointí (a) go (g), pointe k(ii) go (v) agus (l) d'Airteagal 36(1), cé is moite den mhéid a bheidh le hasbhaint i dtaca le sócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht todhchaí agus a thig ó dhifríochtaí sealadacha;

(iii) Airteagal 44 agus Airteagal 45;

(b) méid na sealúchas díreach, indíreach agus sintéiseach d'ionstraimí Chaipiteal Leibhéal 2 eintiteas earnála airgeadais atá ag institiúid arna roinnt ar mhéid comhiomlán na sealúchas díreach, indíreach agus sintéiseach go léir nach bhfuil infheistíocht shuntasach iontu ag an institiúid d'ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1, de Chaipiteal Breise Leibhéal 1 agus de Chaipiteal Leibhéal 2 na n-eintiteas earnála airgeadais sin.

▼B

2. Déanfaidh institiúidí suímh fhrithghealllta arna sealbhú ar feadh chúig lá oibre nó níos giorra a eisiamh ón méid dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 agus ó ríomh an fhachtóra dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1.

▼C2

3. Déanfar an méid atá le hasbhaint de bhun mhír 1 a chionroinnt thar gach ionstraim Leibhéal 2 arna sealbhú. Déanfaidh institiúidí an méid a bheidh le hasbhaint as gach ionstraim Chaipiteal Leibhéal 2 a asbhaintear de bhun mhír 1 a chinneadh tríd an méid atá sonraithe i bpointe (a) den mhír seo a iolrú faoin gcion atá sonraithe i bpointe (b) den mhír seo:

(a) méid iomlán na sealúchas is gá a asbhaint de bhun mhír 1;

(b) cion mhéid comhiomlán na sealúchas díreach, indíreach agus sintéiseach d'ionstraimí Chaipiteal Leibhéal 2 eintiteas earnála airgeadais atá ag an institiúid agus nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin atá in ionannas le gach ionstraim arna sealbhú.

▼B

4. Ní asbhainfear méid na sealúchas dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 66(1) atá cothrom le nó níos lú ná 10 % de na hítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 atá ag an institiúid tar éis na forálacha atá leagtha síos i bpointí (a)(i) go (iii) de mhír 1 a chur i bhfeidhm agus beidh siad faoi réir na n-ualaí priacal is infheidhme i gcomhréir le Caibidil 2 nó Caibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí agus na gceanglas atá leagtha síos i dTeideal IV de Chuid a Trí, de réir mar is infheidhme.

▼C2

5. Déanfaidh institiúidí méid gach ionstraim Leibhéal 2 atá ualaithe de réir priacal de bhun mhír 4 a chinneadh tríd an méid atá sonraithe i bpointe (a) den mhír seo a roinnt ar an méid atá sonraithe i bpointe (b) den mhír seo:

(a) méid na sealúchas is gá a ualú de réir priacal de bhun mhír 4;

(b) an cion a eascraíonn as an ríomh ata i bpointe (b) de mhír 3.

▼B

## Roinn 3

## Caipiteal leibhéal 2

*Airteagal 71*

**Caipiteal Leibhéal 2**

Is é atá i gCaipiteal Leibhéal 2 institiúide ítimí Chaipiteal Leibhéal 2 na hinstitiúide tar éis na hítimí dá dtagraítear in Airteagal 66 a asbhaint agus tar éis Airteagal 79 a chur chun feidhme.

▼B

*CAIBIDIL 5*

***Cistí dílse***

*Airteagal 72*

**Cistí dílse**

Is é atá i gcistí dílse institiúide suim Chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide agus Chaipiteal Leibhéal 2 na hinstitiúide.

▼M8

*CAIBIDIL 5a*

***Dliteanais incháilithe***

Roinn 1

**Ítimí agus ionstraimí dliteanas incháilithe**

*Airteagal 72a*

**Ítimí dliteanas incháilithe**

1. Is iad na nithe seo a leanas a bheidh ina n-ítimí dliteanas incháilithe, mura bhfuil siad in aon cheann de na catagóirí de dhliteanais eisiata a leagtar síos i mír 2 den Airteagal seo, agus a mhéid a shonraítear in Airteagal 72c:

(a) ionstraimí dliteanas incháilithe má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 72b, a mhéid nach gcáilíonn siad mar ítimí Gnáthchothromas Leibhéal 1, Leibhéal 1 Breise nó Leibhéal 2;

(b) Ionstraimí Leibhéal 2 ag a bhfuil aibíocht iarmhair bliana amháin ar a laghad, a mhéid nach gcáilíonn siad mar ítimí Leibhéal 2 i gcomhréir le hAirteagal 64.

2. Eisiafar na dliteanais seo a leanas ó ítimí dliteanas incháilithe:

(a) taiscí cumhdaithe;

(b) taiscí ar amharc agus taiscí gearrthéarma a bhfuil a n-aibíocht bunaidh faoi bhun bliain amháin;

(c) an chuid sin de thaiscí incháilithe ó dhaoine nádúrtha agus ó mhicreaghnóthais, gnóthais bheaga agus gnóthais mheánmhéide a sháraíonn an leibhéal cumhdaigh dá dtagraítear in Airteagal 6 de Threoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]);

(d) taiscí a bheadh ina dtaiscí incháilithe ó dhaoine nádúrtha agus ó mhicreafhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide, gur taisceadh iad trí bhrainsí a bhí lonnaithe lasmuigh den Aontas ó institiúidí atá bunaithe san Aontas;

(e) dliteanais urraithe lena n-áirítear bannaí cumhdaithe agus dliteanais i bhfoirm ionstraimí airgeadais a úsáidtear chun críocha fálaithe agus ar cuid lárnach iad den chomhthiomsú cumhdaigh agus dhéantar a urrú, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ar bhealach comhchosúil le bannaí cumhdaithe, ar choinníoll nach ndéanfar difear d'aon sócmhainní urraithe a bhaineann le comhthiomsú cumhdaigh agus

([1]) Treoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le scéimeanna ráthaíochta taiscí (IO L 173, 12.6.2014, lch. 149).

▼M8

go leanfar dá ndóthain cistiúcháin a thabhairt dóibh agus seachas aon chuid de dhliteanas urraithe nó de dhliteanas a mbeidh comhthaobhacht geallta ina leith ar mó é ná luach na sócmhainní, an ghealltáin, an liain nó na comhthaobhachta lena bhfuil sé urraithe;

(f) aon dliteanas a thagann chun cinn mar gheall ar shócmhainní cliaint nó airgead cliaint i seilbh lena n-áirítear sócmhainní cliaint agus airgead cliaint atá i seilbh ar son gnóthais chomhinfheistíochta, ar choinníoll ar choinníoll go mbeidh an cliant sin faoi chosaint an dlí dócmhainneachta is infheidhme;

(g) aon dliteanais a eascraíonn de bhua caidrimh mhuiníníigh idir an t-eintiteas réitigh nó aon cheann dá fhochuideachtaí (mar mhuiníneach) agus duine eile (mar thairbhí), ar choinníoll go mbeidh an tairbhí sin faoi chosaint an dlí dócmhainneachta nó sibhialta is infheidhme;

(h) dliteanais d'institiúidí, gan dliteanais d'eintitis ar cuid den ghrúpa céanna iad a áireamh, a bhfuil aibíocht bunaidh níos lú ná seacht lá acu;

(i) dliteanais a bhfuil aibíocht níos lú ná seacht lá fágtha iontu, atá dlite do na heintitis seo a leanas:

(i) córais nó oibreoirí córas a ainmnítear i gcomhréir le Treoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]);

(ii) rannpháirtithe i gcóras a ainmnítear i gcomhréir le Treoir 98/26/CE agus a eascraíonn as rannpháirtíocht i gcóras den sórt sin; nó

(iii) CPL tríú tír a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;

(j) dliteanas i leith aon cheann díobh seo a leanas:

(i) Fostaí, maidir le tuarastal fabhraithe, sochair phinsin nó luach saothair socraithe eile, seachas comhpháirt athraitheach an luacha saothair nach bhfuil rialáilte le comhaontú cómhargála agus seachas an chomhchuid inathraithe de luach saothair glacadóirí priacail ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 92(2) de Threoir 2013/36/AE;

(ii) creidiúnaí tráchtála nó trádála má thagann an dliteanas as soláthar, don institiúid nó don mháthairghnóthas, earraí nó seirbhísí a bhfuil gá leo chun go bhfeidhmeodh oibríochtaí na hinstitiúide nó an mháthairghnóthais, lena n-áirítear seirbhísí TF, fóntais agus cíos, seirbhísiú agus cothabháil an áitribh;

(iii) údaráis chánach agus údaráis slándála sóisialta, ar choinníoll go mbeidh tosaíocht ag na dliteanais sin faoin dlí is infheidhme;

([1]) Treoir 98/26/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 1998 maidir le críochnaitheacht socraíochta i gcórais íocaíochta agus socraíochta urrús (IO L 166, 11.6.1998, lch. 45).

▼**M8**

(iv) scéimeanna ráthaithe taiscí má thagann an dliteanas as ranníocaíochtaí atá dlite i gcomhréir le Treoir 2014/49/AE;

(k) dliteanais a thagann as díorthaigh;

(l) dliteanais a thagann as ionstraimí fiachais ag a bhfuil díorthaigh leabaithe.

Chun críocha phointe (l) den chéad fhomhír, ionstraimí fiachais ina bhfuil roghanna ar luathfhuascailt is féidir a fheidhmiú de réir rogha an eisitheora nó an tsealbhóra, agus ionstraimí fiachais ag a bhfuil ús athraitheach a dhíorthaítear ó ráta tagartha a úsáidtear go leitheadach amhail Euribor nó Libor, ní mheasfar gur ionstraimí fiachais ag a bhfuil díorthaigh leabaithe iad ar bhonn gnéithe den sórt sin amháin.

*Airteagal 72b*

**Ionstraimí dliteanas incháilithe**

1. Cáileoidh dliteanais mar ionstraimí dliteanas incháilithe ar choinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo agus a mhéid a shonraítear san Airteagal seo.

2. Cáileoidh dliteanais mar ionstraimí dliteanas incháilithe ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas uile:

(a) eisíonn institiúid go díreach nó faigheann institiúid na dliteanais, de réir mar is infheidhme, agus tá siad íoctha go hiomlán;

(b) ní le haon cheann díobh seo a leanas na dliteanais:

(i) institiúid nó eintiteas atá sa ghrúpa réitigh céanna;

(ii) gnóthas ina bhfuil rannpháirtíocht dhíreach nó indíreach ag an institiúid ann i bhfoirm úinéireacht dhíreach, nó i bhfoirm rialaithe, ar 20 % nó níos mó de na cearta vótála nó de chaipiteal an ghnóthais sin;

(c) ní dhéanann an t-eintiteas réitigh éadáil úinéireacht na ndliteanas a chistiú go díreach nó go hindíreach;

(d) tá an t-éileamh ar phríomhshuim na ndliteanas faoi na forálacha lena rialaítear na hionstraimí go hiomlán fo-ordaithe maidir le héilimh a thagann as na dliteanais eisiata dá dtagraítear in Airteagal 72a(2); measfar gur comhlíonadh an ceanglas fo-ordúcháin sin in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(i) sonraíonn na forálacha conartha lena rialaítear na dliteanais go mbeidh, i gcás gnáthimeachtaí dócmhainneachta mar a shainmhínítear iad i bpointe (47) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2014/59/AE, an t-éileamh ar phríomhshuim na n-ionstraimí rangaithe faoi bhun na n-éileamh a thagann as aon cheann de na dliteanais eisiata dá dtagraítear in Airteagal 72a(2) den Rialachán seo;

(ii) sonraítear sa dlí is infheidhme go mbeidh, i gcás gnáthimeachtaí dócmhainneachta mar a shainmhínítear iad i bpointe (47) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2014/59/AE, an t-éileamh ar phríomhshuim na n-ionstraimí rangaithe faoi bhun na n-éileamh a thagann as aon cheann de na dliteanais eisiata dá dtagraítear in Airteagal 72a(2) den Rialachán seo;

▼**M8**

(iii) is eintiteas réitigh nach bhfuil aon dliteanais eisiata dá dtagraítear in Airteagal 72a(2) den Rialachán seo a rangaítear *pari passu* le hionstraimí dliteanas incháilithe nó níos sóisearaí ná iad ar a chlár comhordaithe a eisíonn na hionstraimí;

(e) níl na dliteanais urraithe, ná faoi réir ráthaíochta ná aon socrú eile lena gcuirtear le sinsearacht an éilimh, ag aon cheann díobh seo a leanas:

(i) institiúid nó a fochuideachtaí;

(ii) máthairghnóthas na hinstitiúide nó fochuideachtaí na hinstitiúide;

(iii) aon ghnóthas a bhfuil dlúthnaisc aige le heintitis dá dtagraítear i bpointí (i) agus (ii);

(f) níl na dliteanais faoi réir socruithe fritháirimh nó socruithe glanluachála a chuirfeadh isteach ar a n-acmhainn ionsúite caillteanas i gcás réitigh;

(g) ní áirítear sna forálacha lena rialaítear na dliteanais aon dreasacht don institiúid chun a méid príomhshuime a cheannach, a fhuascailt nó a athcheannach roimh a n-aibíocht nó a aisíoc, de réir mar is infheidhme, ach amháin sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 72c(3);

(h) níl féidir le sealbhóirí na n-ionstraimí na dliteanais a fhuascailt roimh thráth a n-aibíochta, ach amháin sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 72c(2);

(i) faoi réir Airteagal 72c(3) agus (4), i gcás ina n-áirítear leis na dliteanais luathrogha amháin ar aisíoc, nó níos mó, lena n-áirítear céadroghanna ar cheannach, féadfar na roghanna a fheidhmiú de réir lánrogha iomlán an eisitheora, ach amháin sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 72c(2);

(j) ní fhéadfar na dliteanais a cheannach, a fhuascailt, a aisíoc nó a athcheannach go luath ach i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagail 77 agus 78a;

(k) ní thugtar le fios go sainráite ná go hintuigthe sna forálacha lena rialaítear na dliteanais go ndéanfadh an t-eintiteas réitigh dliteanais a cheannach, a fhuascailt, a aisíoc nó a athcheannach go luath, de réir mar is infheidhme, ach amháin i gcás dhócmhainneacht nó leachtú na hinstitiúide agus nach dtugann an institiúid an méid sin le fios ar aon tslí eile;

(l) ní thugann na forálacha lena rialaítear na dliteanais an ceart don sealbhóir dlús a chur faoi íocaíocht sceidealta an úis nó na príomhshuime amach anseo, ach amháin i gcás dhócmhainneacht nó leachtú an eintitis réitigh;

(m) ní leasófar an leibhéal úis nó na híocaíochtaí díbhinne, de réir mar is infheidhme, a bheidh dlite ar na dliteanais, de réir mar is infheidhme, ar bhonn sheasamh creidmheasa an eintitis réitigh nó a mháthairghnóthas;

(n) i gcás ionstraimí a eisítear tar éis 28 Meitheamh 2021, luafar go sainráite sa doiciméadacht chonarthach ábhartha agus, i gcás inarb infheidhme, sa réamheolaire a bhaineann leis an eisiúint, go bhféadfaí an chumhacht díluachála agus comhshó a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 48 de Threoir 2014/59/AE.

▼M8

Chun críocha phointe (a) den chéad fhomhír, ní bheidh ach na codanna sin de na dliteanais atá íoctha go hiomlán i dteideal a gcáilithe mar ionstraimí dliteanais incháilithe.

Chun críocha phointe (d) den chéad fhomhír den Airteagal seo, i gcás ina bhfuil roinnt de na dliteanais eisiata dá dtagraítear in Airteagal 72a(2) fo-ordaithe maidir le gnáthéilimh neamhurraithe faoin dlí dócmhainneachta náisiúnta, ar an ábhar, inter alia, go bhfuil siad á sealbhú ag creidiúnaí a bhfuil dlúthnaisc aige leis an bhféichiúnaí, go bhfuil, nó go raibh, an creidiúnaí ina scairshealbhóir, i ngaolmhaireacht rialaithe nó grúpa, gur comhalta den chomhlacht bainistíochta an creidiúnaí nó go bhfuil an creidiúnaí bainteach le haon duine de na daoine sin, ní dhéanfar an fo-ordú a mheas trí thagairt d'éilimh a éiríonn as dliteanais eisiata den sórt sin.

▼M15

Chun críocha Airteagal 92b, tuigfear tagairtí freisin don eintiteas réitigh i bpointí (c), (k), (l) agus (m) den chéad fhomhír den mhír seo mar thagairtí d'institiúid ar fochuideachta ábhartha í de G-SII neamh-AE é.

▼M8

3. Le cois na ndliteanas dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, féadfaidh an t-údarás réitigh ligean do dhliteanais a bheith incháilithe mar ionstraimí dliteanas go dtí méid comhiomlán nach mó ná 3,5 % de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(3) agus (4), ar choinníoll:

(a) go gcomhlíontar na coinníollacha uile a leagtar amach i mír 2 cé is moite den choinníoll i bpointe (d) den chéad fhomhír de mhír 2;

(b) go rangaítear na dliteanais pari passu leis na dliteanais eisiata is ísle rangú dá dtagraítear in Airteagal 72a(2) cé is moite de dhliteanais eisiata atá fo-ordaithe maidir le gnáthéilimh neamhurraithe faoin dlí dócmhainneachta náisiúnta dá dtagraítear sa tríú fomhír de mhír 2 den Airteagal seo; agus

(c) nach dtiocfadh, mar thoradh ar na dliteanais sin a áireamh in ítimí dliteanas incháilithe, priacal ábhartha d'agóid dhlíthiúil rathúil ná d'éilimh bhailí ar chúiteamh mar a mheas an t-údarás réitigh iad i ndáil leis na prionsabail dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 34(1) agus d'Airteagal 75 de Threoir 2014/59/AE.

4. Féadfaidh an t-údarás réitigh ligean do dhliteanais a bheith incháilithe mar ionstraimí dliteanais incháilithe sa bhreis ar na dliteanais dá dtagraítear i mír 2 ar choinníoll go ndéantar an méid a leanas:

(a) nach gceadaítear don institiúid dliteanais dá dtagraítear i mír 3 a áireamh i ndliteanais incháilithe;

(b) go gcomhlíontar na coinníollacha uile a leagtar amach i mír 2 cé is moite den choinníoll i bpointe (d) den chéad fhomhír de mhír 2 den Airteagal seo;

(c) go rangaítear na dliteanais *pari passu* leis na dliteanais eisiata is ísle rangú dá dtagraítear in Airteagal 72a(2), nó gur sinsearaí na dliteanais ná iad, cé is moite de na dliteanais eisiata atá fo-ordaithe maidir le gnáthéilimh neamhurraithe faoin dlí dócmhainneachta náisiúnta dá dtagraítear sa tríú fomhír de mhír 2;

(d) ar chlár comhordaithe na hinstitiúide, nach mó ná 5 % de mhéid cistí dílse agus dliteanas incháilithe na hinstitiúide an méid dliteanas eisiata dá dtagraítear in Airteagal 72a(2) a rangaítear *pari passu* leis na dliteanais sin i ndócmhainneacht nó níos ísle ná iad;

▼M8

(e) nach dtiocfadh, mar thoradh ar na dliteanais sin a áireamh in ítimí dliteanas incháilithe, priacal ábhartha d'agóid dhlíthiúil rathúil ná d'éilimh bhailí ar chúiteamh mar a mheas an t-údarás réitigh iad i ndáil leis na prionsabail dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 34(1) agus d'Airteagal 75 de Threoir 2014/59/AE.

5. Ní fhéadfaidh údarás réitigh a cheadú d'institiúid ach na dliteanais sin dá dtagraítear i mír 3 nó 4, agus iad sin amháin, a áireamh mar ítimí dliteanas incháilithe.

6. Rachaidh an t-údarás réitigh i gcomhairle leis an údarás inniúil agus é ag déanamh scrúdú féachaint an bhfuil coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo comhlíonta.

7. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na nithe seo a leanas a shonrú:

(a) leaganacha agus cineálacha maoinithe indírigh infheidhme na n-ionstraimí dliteanas incháilithe;

(b) foirm agus cineál na ndreasachtaí atá le fuascailt chun críocha an choinníll a leagtar amach i bpointe (g) den chéad fhomhír de mhír 2 den Airteagal seo agus chun críocha Airteagal 72c(3).

Déanfar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin a ailíniú go hiomlán leis an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 28(5) agus i bpointe (a) d'Airteagal 52(2).

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Nollaig 2019.

Tarmligtear chuig an gCoimisiún an chumhacht chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 72c*

**Ionstraimí dliteanas incháilithe a amúchadh**

1. Ionstraimí dliteanas incháilithe ag a bhfuil aibíocht iarmhair bliana amháin ar a laghad, cáileoidh siad go hiomlán mar ítimí dliteanas incháilithe.

Ionstraimí dliteanas incháilithe ag a bhfuil aibíocht iarmhair faoi bhun bliain amháin, ní cháileoidh siad go mar ítimí dliteanas incháilithe.

2. Chun críocha mhír 1, i gcás ina gcuimsíonn ionstraim dliteanas incháilithe rogha fuascailte don sealbhóir is infheidhmithe roimh thráth aibíochta na hionstraime mar a sonraíodh é ar dtús, saineofar tráth aibíocht na hionstraime mar an dáta is luaithe is féidir leis an sealbhóir an rogha fuascailte a fheidhmiú agus fuascailt nó aisíoc na hionstraime a iarraidh.

3. Chun críocha mhír 1, má chuimsíonn ionstraim dliteanas incháilithe dreasacht don eisitheoir an ionstraim a cheannach, a fhuascailt, a athcheannach nó a aisíoc roimh thráth aibíochta na hionstraime mar a sonraíodh é ar dtús, saineofar tráth aibíocht na hionstraime mar an dáta is luaithe is féidir leis an eisitheoir an rogha sin a fheidhmiú agus fuascailt nó aisíoc na hionstraime a iarraidh.

▼**M8**

4. Chun críocha mhír 1, má chuimsíonn ionstraim dliteanas incháilithe luathroghanna ar fhuascailt is infheidhmithe de réir lánrogha iomlán an eisitheora roimh thráth aibíochta na hionstraime mar a sonraíodh é ar dtús, ach nach gcuimsíonn na forálacha lena rialaítear an ionstraim dreasacht ar bith an ionstraim a cheannach, a fhuascailt, a aisíoc nó a athcheannach roimh thráth a haibíochta agus nach gcuimsíonn siad rogha ar bith fuascailte nó aisíoctha de réir lánrogha na sealbhóirí, saineofar tráth aibíochta na hionstraime mar an tráth aibíochta a sonraíodh ar dtús.

*Airteagal 72d*

**Na hiarmhairtí le deireadh a bheith le comhlíonadh na gcoinníollacha incháilitheachta**

Más rud é, i gcás ionstraim dliteanas incháilithe, gur stadadh de chomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 72b, stadfaidh na dliteanais láithreach de cháiliú mar ionstraimí dliteanas incháilithe.

Féadfar glacadh le dliteanais dá dtagraítear in Airteagal 72b(2) mar ionstraimí dliteanas incháilithe ar choinníoll go gcáilíonn siad mar ionstraimí dliteanas incháilithe faoi Airteagal 72b(3) nó (4).

Roinn 2

**Asbhaintí as ítimí dliteanas incháilithe**

*Airteagal 72e*

**Asbhaintí as ítimí dliteanas incháilithe**

1. Asbhainfidh institiúidí atá faoi réir Airteagal 92a an méid seo a leanas as ítimí dliteanas incháilithe:

(a) sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha d'ionstraimí dílse atá ag an institiúid, lena n-áirítear dliteanais dhílse a bhfeadfadh oibleagáid a bheith ar an institiúid iad a cheannach mar thoradh ar oibleagáidí conarthacha atá ann cheana;

(b) sealúchais, bíodh siad díreach, indíreach nó sintéiseach, atá ag an institiúid ar ionstraimí de chuid eintitis G-SII agus ina bhfuil tras-sealúchais chómhalartacha ag an institiúid leis na heintitis sin agus a mheasann an t-údarás inniúil gur ceapadh iad chun cumas ionsúcháin caillteanas agus cumas athchaipitlithe na hinstitiúide a mhéadú go saorga;

(c) méid infheidhme, a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 72i, sealúchas díreach, indíreach agus sintéiseach ionstraimí dliteanas incháilithe de chuid eintitis G-SII, i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin;

(d) sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha atá ag an institiúid ar ionstraimí de chuid eintitis G-SII i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid sna heintitis sin, cé is moite de shuíomhanna frithghealltа arna sealbhú ar feadh tréimhse níos giorra ná cúig lá gnó.

2. Chun críocha na Roinne seo, láimhseálfar na hionstraimí uile a rangaítear *pari passu* le hionstraimí dliteanas incháilithe mar ionstraimí dliteanas incháilithe, cé is moite d'ionstraimí a rangaítear *pari passu* le hionstraimí a aithnítear mar ionstraimí dliteanas incháilithe de bhun Airteagal 72b(3) agus (4).

▼**M8**

3. Chun críocha na Roinne seo, féadfaidh institiúidí méid sealúchas na n-ionstraimí dliteanas incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 72b(3) a ríomh mar a leanas:

$$h = \sum_{i} \left( H_i \cdot \frac{l_i}{L_i} \right)$$

nuair:

$h$ = méid sealúchas na n-ionstraimí dliteanas incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 72b(3);

$i$ = an t-innéacs lena gcuirtear institiúid eisiúna in iúl;

$H_i$ = méid sealúchas dhliteanais incháilithe na hinstitiúide eisiúna i dá dtagraítear in Airteagal 72b(3);

$l_i$ = méid na sealúchas a áiríonn an institiúid eisiúna i in ítimí dliteanas incháilithe laistigh de na teorainneacha a shonraítear in Airteagal 72b(3) de réir an nochta is déanaí ón institiúid eisiúna; agus

$L_i$ = méid iomlán dhliteanais gan íoc na hinstitiúide eisiúna i dá dtagraítear in Airteagal 72b(3) de réir an nochta is déanaí ón institiúid eisiúna.

▼**M15**

4. I gcás mháthairinstitiúid AE nó máthairinstitiúid i mBallstát atá faoi réir Airteagal 92a, ag a bhfuil sealúchais dhíreacha, indíreacha nó shintéiseacha d'ionstraimí cistí dílse nó d'ionstraimí dliteanas incháilithe a bhaineann le fochuideachta amháin nó níos mó nach bhfuil sa ghrúpa réitigh céanna ina bhfuil an mháthairinstitiúid sin, féadfaidh údarás réitigh na máthairinstitiúide sin, tar éis dó barúil na n-údarás réitigh nó na n-údarás réitigh tríú tír ábhartha a mheas mar is cuí, cead a thabhairt don mháthairinstitiúid na sealúchais sin a asbhaint trí mhéid níos lú a asbhaint, méid arna shonrú ag údarás réitigh na máthairinstitiúide sin. Beidh an méid coigeartaithe sin cothrom, ar a laghad, leis an méid (m) a ríomhfar mar a leanas:

$m_i = \max\{0; OP_i + LP_i - \max\{0; \beta \cdot [O_i + L_i - \max\{r_i \cdot aRWA_i; w_i \cdot aLRE_i\}]\}\}$

nuair:

$i$ = an t-innéacs lena gcuirtear an fhochuideachta in iúl;

$OP_i$ = an méid ionstraimí cistí dílse arna eisiúint ag fochuideachta i agus atá i seilbh na máthairinstitiúide;

$LP_i$ = an méid ionstraimí dliteanas incháilithe arna eisiúint ag fochuideachta i agus atá i seilbh na máthairinstitiúide;

$\beta$ = céatadán na n-ionstraimí cistí dílse agus na n-ionstraimí dliteanas incháilithe arna n-eisiúint ag fochuideachta i agus atá i seilbh an mháthaireintitis, arna ríomh mar seo a leanas:

$$\beta = \frac{OP_i + LP_i}{\text{an méid ionstraimí cistí dílse agus ionstraimí dliteanas incháilithe arna n-eisiúint ag fochuideachta i}};$$

$O_i$ = méid chistí dílse fhochuideachta i, gan an asbhaint arna ríomh i gcomhréir leis an mír seo a chur san áireamh;

▼**M15**

$L_i$ = méid dhliteanais incháilithe fhochuideachta i, gan an asbhaint arna ríomh i gcomhréir leis an mír seo a chur san áireamh;

$r_i$ = an cóimheas is infheidhme maidir le fochuideachta i ag leibhéal a grúpa réitigh i gcomhréir le hAirteagal 92a(1), pointe (a), den Rialachán seo agus le hAirteagal 45c(3), an chéad fhomhír, pointe (a), de Threoir 2014/59/AE nó, i gcás fochuideachtaí tríú tír, ceanglas maidir le réiteach coibhéiseach is infheidhme i dtaca le fochuideachta i sa tríú tír ina bhfuil a ceannoifig aici, a mhéid a chomhlíontar an ceanglas sin le hionstraimí a mheasfaí a bheith ina gcistí dílse nó ina ndliteanais incháilithe faoin Rialachán seo;

$aRWA_i$ = méid iomlán na risíochta ar phriacal an eintitis G-SII i arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 92(3), agus na coigeartuithe a leagtar amach in Airteagal 12a á gcur san áireamh, nó, i gcás fochuideachtaí tríú tír, arna ríomh i gcomhréir leis na rialacháin áitiúla is infheidhme;

$w_i$ = an cóimheas is infheidhme maidir le fochuideachta i ar leibhéal a grúpa réitigh i gcomhréir le hAirteagal 92a(1), pointe (b), den Rialachán seo agus le hAirteagal 45c(3), an chéad fhomhír, pointe (b), de Threoir 2014/59/AE nó, i gcás fochuideachtaí tríú tír, ceanglas maidir le réiteach coibhéiseach is infheidhme i dtaca le fochuideachta i sa tríú tír ina bhfuil a ceannoifig aici, a mhéid a chomhlíontar an ceanglas sin le hionstraimí a mheasfaí a bheith ina gcistí dílse nó ina ndliteanais incháilithe faoin Rialachán seo;

$aLRE_i$ = tomhas iomlán risíocht an eintitis G-SII i arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429(4) nó, i gcás fochuideachtaí tríú tír, arna ríomh i gcomhréir leis na rialacháin áitiúla is infheidhme.

I gcás ina bhfuil cead ag an máthairinstitiúid an méid coigeartaithe a asbhaint i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, asbhainfidh an fhochuideachta an difríocht idir méid shealúchais na n-ionstraimí cistí dílse agus na n-ionstraimí dliteanas incháilithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, agus an méid coigeartaithe sin.

▼**M8**

*Airteagal 72f*

**Sealúchais ionstraimí dílse dliteanas incháilithe a asbhaint**

Chun críocha phointe (a) d'Airteagal 72e(1), ríomhfaidh institiúidí sealúchais ar bhonn ollsuíomhanna fada faoi réir na n-eisceachtaí seo a leanas:

(a) féadfaidh institiúidí méid na sealúchas sa leabhar trádála a ríomh ar bhonn an ghlansuímh fhada ar an gcoinníoll go gcomhlíonfar an dá choinníoll seo a leanas:

(i) tá an risíocht fholuiteach chéanna ag na suíomhanna fada agus na suíomhanna gearra agus níl aon phriacal contrapháirtí ag baint leis na suíomhanna gearra;

(ii) coimeádtar na suíomhanna gearra agus na suíomhanna fada araon sa leabhar trádála nó coimeádtar iad araon sa leabhar neamhthrádála;

(b) déanfaidh institiúidí an méid a asbhainfear i dtaca le sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha atá mar shealúchais d'urrúis innéacsanna a chinneadh tríd an risíocht fholuiteach ar ionstraimí dliteanas dílis incháilithe sna hinnéacsanna sin a ríomh;

▼M8

(c) féadfaidh institiúidí ollsuíomhanna fada in ionstraimí dílse dliteanas incháilithe a thagann as sealúchais d'urrúis innéacsanna a ghlanluacháil i gcoinne suíomhanna gearra in ionstraimí dílse 72e(1) a thagann as suíomhanna gearra sna hinnéacsanna foluiteacha, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil priacal contrapháirtí ag baint leis na suíomhanna gearra sin. ar an gcoinníoll go gcomhlíonfar an dá choinníoll seo a leanas:

(i) tá an suíomh gearr agus an suíomh fada sna hinnéacsanna foluiteacha céanna;

(ii) coimeádtar na suíomhanna gearra agus na suíomhanna fada araon sa leabhar trádála nó coimeádtar iad araon sa leabhar neamhthrádála.

*Airteagal 72g*

**Bunachar asbhainte le haghaidh ítimí dliteanas incháilithe**

Chun críocha phointe (b), phointe (c) agus phointe (d) d'Airteagal 723(1), asbhainfidh institiúidí na hollsuíomhanna fada faoi réir na n-eisceachtaí a leagtar síos in Airteagal 72h agus 72i.

*Airteagal 72h*

**Sealúchais de dhliteanais incháilithe de chuid eintitis G-SII eile a asbhaint**

Institiúidí nach bhfuil ag úsáid na heisceachta a leagtar síos in Airteagal 72j, déanfaidh siad na hasbhaintí dá dtagraítear i bpointí (c) agus (d) d'Airteagal 72e(1) i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

(a) féadfaidh siad sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha ionstraimí dliteanas incháilithe a ríomh ar bhonn an ghlansuímh fhada atá sa risíocht bhunúsach chéanna ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leanas:

(i) dáta aibíochta an tsuímh ghearr, is ionann é agus dáta aibíochta an tsuímh fhada nó is déanaí é ná an dáta sin, nó is é bliain amháin, ar a laghad, aibíocht iarmhair an tsuímh ghearr;

(ii) go gcoimeádtar suímh ghearra agus fhada araon sa leabhar neamhthrádála nó go gcoimeádtar iad araon sa leabhar trádála;

(b) déanfaidh siad an méid a asbhainfear i dtaca le sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha atá mar shealúchais d'urrúis innéacsanna a chinneadh trí dhearcadh ar an risíocht fholuiteach ar ionstraimí dliteanas incháilithe sna hinnéacsanna sin.

*Airteagal 72i*

**Dliteanais incháilithe a asbhaint i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid in eintitis G-SII**

1. Chun críocha phointe (c) d'Airteagal 72e(1), ríomhfaidh institiúidí an méid is infheidhme a asbhainfear tríd an méid dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo a iolrú faoin bhfachtóir a díorthaíodh ón ríomh dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír seo:

(a) an méid comhiomlán a sháraíonn na sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha d'ionstraimí Gnáthchothromas Leibhéal 1, Leibhéal 1 Breise, Leibhéal 2 eintiteas earnála airgeadais agus eintitis, ionstraimí dliteanas de chuid eintiteas G-SII nach bhfuil

▼M8

infheistíocht shuntasach ag an institiúid in aon cheann acu, a sháraíonn 10 % de na hítimí Gnáthchothromas Leibhéal 1 atá ag an institiúid agus ríomhfar an méid comhiomlán sin tar éis iad seo a leanas a chur i bhfeidhm:

(i) Airteagail 32 go 35;

(ii) pointí (a) go (g), pointí k(ii) go k(v) agus pointe (l) d'Airteagal 36(1), cé is moite den mhéid a bheidh le hasbhaint i dtaca le sócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht todhchaí agus a thig ó dhifríochtaí sealadacha;

(iii) Airteagail 44 agus 45;

(b) an méid comhiomlán sealúchas díreach, indíreach agus sintéiseach ar ionstraimí dliteanas incháilithe atá ag eintitis G-SII nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid iontu arna roinnt ar mhéid foriomlán na sealúchas díreach, indíreach agus sintéiseach atá ag an institiúid d'ionstraimí Gnáthchothromas Leibhéal 1, Leibhéal 1 breise agus Leibhéal 2 de chuid eintiteas san earnáil airgeadais agus ionstraimí dliteanas de chuid eintitis G-SII nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an eintiteas réitigh in aon cheann acu.

2. Déanfaidh institiúidí suíomhanna frithgheallta arna sealbhú ar feadh cúig lá gnó nó níos lú a eisiamh ón méid dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 agus ó ríomh an fhachtóra i gcomhréir le pointe (b) de mhír 1.

3. Dáilfear an méid atá le hasbhaint de bhun mhír 1 ar gach ionstraim dliteanas incháilithe de chuid eintiteas G-SII. Déanfaidh institiúidí méid gach ionstraime dliteanas incháilithe a asbhaintear de bhun mhír 1 a chinneadh tríd an méid a shonraítear i bpointe (a) a mhéadú faoin gcion a shonraítear i bpointe (b) den mhír seo:

(a) méid na sealúchas is gá a asbhaint de bhun mhír 1;

(b) an méid comhiomlán de na sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha atá i seilbh na hinstitiúide d'ionstraimí dliteanas incháilithe de chuid eintitis G-SII nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid iontu arna léiriú ag gach ionstraim dliteanas incháilithe atá i seilbh na hinstitiúide.

4. Ní asbhainfear méid na sealúchas dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 72e(1) atá cothrom le nó níos lú ná 10 % d'ítimí Gnáthchothromas Leibhéal 1 atá ag an institiúid tar éis na forálacha leagtar síos i bpointí (a)(i), (a)(ii) agus (a)(iii) de mhír 1 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm agus beidh siad faoi réir na n-ualuithe priacail is infheidhme i gcomhréir le Caibidil 2 nó Caibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí agus na gceanglas a leagtar síos i dTeideal IV de Chuid a Trí, de réir mar is infheidhme.

5. Déanfaidh institiúidí méid gach ionstraime dliteanas incháilithe atá priacal-ualaithe de bhun mhír 1 a chinneadh tríd an méid sealúchas a cheanglaítear a bheith priacal-ualaithe i bpointe (a) a mhéadú faoin gcion a thiocfaidh as an ríomh a shonraítear i bpointe (b) de mhír 3.

▼M8

*Airteagal 72j*

**Díolmhú leabhair trádála ó asbhaintí as ítimí dliteanas incháilithe**

1. Féadfaidh institiúidí cinneadh a dhéanamh gan cuid ainmnithe dá sealúchais dhíreacha, indíreacha agus shintéiseacha ar ionstraimí dliteanas incháilithe, atá, ina méid comhiomlán agus arna thomhas ar bhonn comhlán fada, cothrom le nó níos lú ná 5 % d'ítimí Gnáthchothromas Leibhéal 1 de chuid na hinstitiúide tar éis dóibh Airteagail 32 go 36, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas go léir:

(a) tá na sealúchais sa leabhar trádála;

(b) ní choinnítear na hionstraimí dliteanas incháilithe níos faide ná 30 lá gnó.

2. Beidh méideanna na n-ítimí nár asbhaineadh de bhun mhír 1 faoi réir ceanglais cistí dílse maidir le hítimí sa leabhar trádála.

3. Más rud é, i gcás sealúchais nár asbhaineadh i gcomhréir le mír 1, nach gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach sa mhír sin a thuilleadh, asbhainfear na sealúchais i gcomhréir le hAirteagal 72g gan na heisceachtaí a leagtar síos in Airteagail 72h agus 72i a chur i bhfeidhm.

Roinn 3

**Cistí dílse agus dliteanais incháilithe**

*Airteagal 72k*

**Ionstraimí dliteanas incháilithe**

Is éard a bheidh i ndliteanais incháilithe institiúide, ítimí dliteanais incháilithe na hinstitiúide tar éis na n-asbhaintí dá dtagraítear in Airteagal 72e.

*Airteagal 72l*

**Cistí dílse agus dliteanais incháilithe**

Is éard a bheidh i gcistí dílse agus dliteanais incháilithe, suim a cistí dílse agus a dliteanais incháilithe.

▼B

*CAIBIDIL 6*

▼M8

***Ceanglais ghinearálta maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe***

▼B

*Airteagal 73*

▼M8

**Dáileacháin ar ionstraimí**

1. Maidir le hionstraimí caipitil agus dliteanais a bhfuil lánrogha iomlán ag institiúid a chinneadh ina leith dáileacháin a íoc in aon fhoirm seachas mar airgead tirim nó ionstraimí cistí dílse, ní bheidh sé incháilithe cáiliú mar ionstraimí Gnáthchothromas Leibhéal 1, Leibhéal 1 Breise, Leibhéal 2 nó ionstraimí dliteanas incháilithe ach amháin i gcás ina bhfuil réamhchead faighte ag an institiúid ó na húdaráis inniúla.

▼M8

2. Ní thabharfaidh na húdaráis inniúla an réamhchead dá dtagraítear i mír 1 ach amháin i gcás ina measann siad go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) nach ndéanfadh an rogha dá dtagraítear i mír 1, nó an fhoirm ina bhféadfaí dáileacháin a dhéanamh, dochar do chumas na hinstitiúide íocaíochtaí a chur ar ceal faoin ionstraim;

(b) nach ndéanfadh an rogha dá dtagraítear i mír 1, nó an fhoirm ina bhféadfaí dáileacháin a dhéanamh, dochar do chumas na hionstraime caipitil nó an dliteanais caillteanais a sheasamh;

(c) nach laghdódh an rogha dá dtagraítear i mír 1 nó an fhoirm ina bhféadfaí na dáileacháin a dhéanamh cáilíocht na hionstraime caipitil nó an dliteanais ar aon slí eile.

Rachaidh an t-údarás inniúil i gcomhairle leis an údarás réitigh maidir leis an institiúid a bheith ag comhlíonadh na gcoinníollacha sin sula dtabharfaidh sé an réamhchead dá dtagraítear i mír 1.

3. Maidir le hionstraimí caipitil agus dliteanais a bhfuil sé de rogha ag duine dlítheanach seachas an institiúid a eisíonn iad a chinneadh nó a cheangal ina leith go ndéanfar na dáileacháin faoi na hionstraimí sin a íoc in aon fhoirm seachas mar airgead tirim nó ionstraimí cistí dílse, ní bheidh sé incháilithe cáiliú mar ionstraimí Gnáthchothromas Leibhéal 1, Leibhéal 1 Breise, Leibhéal 2 nó ionstraimí dliteanas incháilithe.

4. Féadfaidh institiúidí innéacs leathan margaidh a úsáid mar cheann amháin de na boinn lena gcinntear leibhéal na ndáileachán ar ionstraimí Leibhéal 1 Breise, Leibhéal 2 agus ionstraimí dliteanas incháilithe.

▼B

5. Ní bheidh feidhm ag mír 4 sa chás gurb eintiteas tagartha í an institiúid in innéacs leathan an mhargaidh sin ach amháin sa chás go gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas

(a) measann an institiúid nach bhfuil na gluaiseachtaí in innéacs leathan an mhargaidh comhghaolaithe go suntasach le seasamh creidmheasa na hinstitiúide, a máthairinstitiúide nó na máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais nó na máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais measctha nó na máthairchuideachta sealbhaíochta gníomhaíochta measctha;

(b) nár bhain an t-údarás inniúil amach cinneadh atá éagsúil ón gcinneadh dá dtagraítear i bpointe (a).

▼M8

6. Tuairisceoidh agus nochtfaidh institiúidí na hinnéacsanna margaidh leathana ar a mbraitheann a n-ionstraimí caipitil agus a n-ionstraimí dliteanas incháilithe.

▼B

7. Forbróidh an ÚBE dréacht-chaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn a shonrú na coinníollacha lena gcinnteofar an meastar go bhfuil innéacsanna cáilithe mar innéacsanna leathana margaidh chun críocha mhír 4.

▼C1

Cuirfidh an ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Iúil 2013.

▼B

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

▼B

*Airteagal 74*

**Sealúchas d'ionstraimí caipitil arna n-eisiúint ag eintitis earnála airgeadais nach gcáilíonn mar chaipiteal rialála**

Ní dhéanfaidh nstitiúidí aon eilimint a asbhaint dá gcistí féin, bíodh siad ina sealúchais dhíreacha, indíreacha nó shintéiseacha d'ionstraimí caipitil arna n-eisiúint ag eintiteas rialaithe na hearnála airgeadais nach gcáilíonn mar chaipiteal rialála an eintitis sin. Cuirfidh institiúidí ualuithe priacal i bhfeidhm maidir le sealúchais den sórt sin i gcomhréir le Caibidil 2 nó Caibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí, de réir mar is infheidhme.

*Airteagal 75*

**Ceanglais i ndáil le hasbhaint agus aibíocht le haghaidh suíomh gearr**

▼M8

Measfar go gcomhlíontar na ceanglais aibíochta i ndáil le suíomhanna gearra dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 45(a), pointe (a) d'Airteagal 59, pointe (a) d'Airteagal 69 agus pointe (a) d'Airteagal 72h maidir le suíomhanna a thógtar nuair a chomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas go léir:

▼B

(a) tá sé de cheart conarthach ag an institiúid an suíomh fada atá á fhálú a dhíol leis an gcontrapháirtí a chuireann an fálú ar fáil, ar dháta ar leith sa todhchaí;

(b) tá oibleagáid chonarthach ar chontrapháirtí a chuireann an fálú ar fáil don institiúid an suíomh fada dá dtagraítear i bpointe (a) a cheannach ón institiúid ar an dáta sin ar leith sa todhchaí

▼M8
▼C7

*Airteagal 76*

**Sealúchais innéacsanna d'ionstraimí caipitil agus de dhliteanais**

1. Chun críocha phointe (a) d'Airteagal 42, phointe (a) d'Airteagal 45, phointe (a) d'Airteagal 57, phointe (a) d'Airteagal 59, phointe (a) d'Airteagal 67, phointe (a) d'Airteagal 69, pointe (a) d'Airteagal 72f agus phointe (a) d'Airteagal 72h, féadfaidh institiúidí méid suímh fhada in ionstraim chaipitil nó i ndliteanas a laghdú le cion innéacs atá comhdhéanta den risíocht fholuiteach chéanna atá á fálú, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) sealbhaítear an suíomh fada atá á fhálú, agus coimeádtar an suíomh gearr arna úsáid in innéacs chun an suíomh fada sin a fhálú sa leabhar trádála nó sealbhaítear iad araon sna leabhair neamhthrádála;

(b) sealbhaítear na suímh dá dtagraítear i bpointe (a) ag luach chóir ar chlár comhordaithe na hinstitiúide;

(c) cáilíonn an suíomh gearr dá dtagraítear i bpointe (a) mar fhálú éifeachtach faoi phróisis rialaithe inmheánaigh na hinstitiúide;

(d) déanann na húdaráis inniúla measúnú ar leordhóthanacht na bpróiseas inmheánach rialaithe dá dtagraítear i bpointe (c) ar bhonn bliantúil ar a laghad agus tá siad sásta lena oiriúnaí atá na próisis i gcónaí.

▼C7

2. Féadfaidh institiúid, i gcás inar dheonaigh an t-údarás inniúil réamhchead, meastachán coimeádach a úsáid ar risíocht fholuiteach na hinstitiúide ar ionstraimí caipitil nó ar dhliteanais a áirítear sna hinnéacsanna mar rogha eile ar institiúid a bheith ag ríomh na risíochta atá aici ar na hítimí dá dtagraítear i gceann amháin nó níos mó de na pointí seo a leanas:

(a) ionstraimí dílse Gnáthchothromas Leibhéal 1, Leibhéal 1 Breise, Leibhéal 2 agus ionstraimí dliteanas incháilithe, a áirítear sna hinnéacsanna;

(b) ionstraimí Gnáthchothromas Leibhéal 1, Leibhéal 1 Breise agus Leibhéal 2 de chuid eintiteas san earnáil airgeadais, a áirítear sna hinnéacsanna;

(c) ionstraimí dliteanas incháilithe, a áirítear sna hinnéacsanna.

▼M8

3. Ní thabharfaidh údaráis inniúla an réamhchead dá dtagraítear i mír 2 ach amháin nuair atá sé léirithe ag an institiúid chun sástacht na n-údarás inniúil go gcuirfeadh sé ualach rómhór ar an institiúid faireachán a dhéanamh ar a risíocht fholuiteach ar na hítimí dá dtagraítear i gceann amháin nó níos mó de phointí mhír 2, de réir mar is infheidhme.

▼B

4. Forbróidh an ÚBE dréacht-chaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na nithe seo a leanas a shonrú:

(a) cén uair a bheidh meastachán a úsáidtear mar rogha eile chun an risíocht fholuiteach dá dtagraítear i mír 2 a ríomh coimeádach go leordhóthanach;

(b) an bhrí atá le ródhian ó thaobh na hoibre de chun críocha mhír 3.

▼C1

Cuirfidh an ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Iúil 2013.

▼B

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na dréacht-chaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

▼M8

*Airteagal 77*

**Coinníollacha maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a laghdú**

1. Gheobhaidh institiúid réamhchead ón údarás inniúil chun aon cheann acu seo a leanas a dhéanamh:

(a) ionstraimí Gnáthchothromas Leibhéal 1 arna n-eisiúint ag an institiúid ar shlí a cheadaítear faoin dlí náisiúnta is infheidhme a laghdú, a fhuascailt nó a athcheannach;

(b) na cuntais scairbhisigh a bhaineann le hionstraimí cistí dílse a laghdú, a dháileadh nó a athaicmiú mar ítim cistí dílse;

(c) ceannach, fuascailt, aisíoc nó athcheannach ionstraimí Leibhéal 1 Breise nó ionstraimí Leibhéal 2, a chur i gcrích roimh dháta a n-aibíochta conarthaí.

2. Gheobhaidh institiúid réamhchead ón údarás réitigh ceannach, fuascailt, aisíoc nó athcheannach ionstraimí dliteanas incháilithe nach gcumhdaítear faoi mhír 1 a chur i gcrích, roimh dháta a n-aibíochta conarthaí.

▼M8

*Airteagal 78*

**Cead maoirseachta chun cistí dílse a laghdú**

1. Tabharfaidh an t-údarás inniúil cead d'institiúid chun ionstraimí Gnáthchothromas Leibhéal 1, Leibhéal 1 Breise nó Leibhéal 2 a laghdú, a cheannach, a fhuascailt, a aisíoc, nó a athcheannach, nó na cuntais scairbhisigh ghaolmhara a laghdú, a dháileadh nó a athaicmiú, i gcás ina gcomhlíontar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tráth roimh beart ar bith dá dtagraítear in Airteagal 77(1), nó an tráth céanna le beart ar bith acu sin, déanfaidh an institiúid na hionstraimí nó na cuntais scairbhisigh ghaolmhara dá dtagraítear in Airteagal 77(1) a ionadú le hionstraimí cistí dílse a mbeidh an cháilíocht chéanna nó cáilíocht níos airde iontu faoi théarmaí atá inbhuanaithe maidir le hinniúlacht ioncaim na hinstitiúide;

(b) léirigh an institiúid chun sástacht an údaráis inniúil go sáródh cistí dílse agus dliteanais incháilithe na hinstitiúide, tar éis an bhirt dá dtagraítear in Airteagal 77(1) den Rialachán seo, na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo, agus i dTreoir 2013/36/AE agus i dTreoir 2014/59/AE de chorrlach a mheasann an t-údarás inniúil a bheith riachtanach.

Má thugann institiúid ráthaíochtaí leordhóthanacha maidir lena cumas oibriú le cístí dílse os cionn na méideanna a cheanglaítear sa Rialachán seo agus i dTreoir 2013/36/AE, féadfaidh an t-údarás inniúil réamhchead ginearálta a thabhairt don institiúid sin aon cheann de na gníomhartha a leagtar síos in Airteagal 77(1) den Rialachán seo a dhéanamh, faoi réir critéir lena n-áiritheofar go mbeidh aon ghníomh den sórt sin i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i bpointí (a) agus (b) den mhír seo. Ní thabharfar an réamhchead ginearálta sin ach le haghaidh tréimhse sonrach nach mó ná bliain amháin, agus féadfar é a athnuachan tar a éis sin. Tabharfar an réamhchead ginearálta le haghaidh méid áirithe réamhchinnte a shocróidh an t-údarás inniúil. ►C7 I gcás ionstraimí Gnáthchothromas Leibhéal 1, ní sháróidh an méid réamhchinnte sin 3 % den aschur ábhartha agus ní sháróidh sé 10 % den mhéid a sháraíonn caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 suim na gceanglas maidir maidir le caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 a leagtar amach sa Rialachán seo, i dTreoir 2013/36/AE agus i dTreoir 2014/59/AE agus corrlach a mheasann an t-údarás inniúil atá riachtanach. I gcás ionstraimí Leibhéal 1 Breise nó Leibhéal 2, ní sháróidh an méid réamhchinnte sin 10 % den aschur ábhartha agus ní sháróidh sé 3 % de mhéid iomlán ionstraimí Leibhéal 1 Breise nó Leibhéal 2 gan íoc, de réir mar is infheidhme. ◄

Aistarraingeoidh na húdaráis inniúla an réamhchead ginearálta má sháraíonn institiúid aon cheann de na critéir a tugadh chun críocha an cheada sin.

2. Agus inbhuanaitheacht na n-ionstraimí athsholáthair d'inniúlacht ioncaim na hinstitiúide dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 á measúnú, measfaidh na húdaráis inniúla a mhéid a mbeadh na hionstraimí athsholáthair chaipitil sin níos costasaí don institiúid ná na hionstraimí caipitil nó na cuntais scairbhisigh a mbeidís ag gabháil ina n-ionad.

3. I gcás ina ndéanfaidh institiúid beart dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 77(1) agus go dtoirmiscfear de réir an dlí náisiúnta is infheidhme diúltú d'ionstraimí Gnáthchothromas Leibhéal 1 dá dtagraítear in Airteagal 27 a fhuascailt, féadfaidh an t-údarás inniúil na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo a tharscaoileadh ar an gcoinníoll go gceanglóidh an t-údarás inniúil ar an institiúid teorainn a chur le fuascailt na n-ionstraimí sin ar bhonn iomchuí.

▼M8

4. Féadfaidh na húdaráis inniúla cead a thabhairt d'institiúidí ionstraimí Leibhéal 1 Breise nó Leibhéal 2 nó cuntais scairbhisigh ghaolmhara a cheannach, a fhuascailt, a athcheannach nó a aisíoc le linn na gcúig bliana tar éis a ndáta eisiúna má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 agus ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tháinig athrú ar aicmiú rialála na n-ionstraimí sin ar dóigh go mbeadh mar thoradh air eisiamh na n-ionstraimí ó chistí dílse nó athaicmiú mar chistí dílse de chineál cáilíochta níos ísle, agus comhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

  (i) measann an t-údarás inniúil gur leor an chinnteacht a bhaineann leis an athrú sin;

  (ii) léiríonn an institiúid chun sástacht na n-údarás inniúil nach raibh athaicmiú rialála na n-ionstraimí sin intuartha go réasúnach tráth a n-eisiúna;

(b) tháinig athrú ar an láimhseáil cánach is infheidhme i ndáil leis na hionstraimí sin a léiríonn an institiúid chun sástacht na n-údarás inniúil gur athrú ábhartha é agus nach raibh sé intuartha go réasúnach tráth a n-eisiúna;

(c) déantar na hionstraimí agus na cuntais scairbhisigh ghaolmhara a mharthanú faoi Airteagal 494b;

(d) tráth roimh an mbeart nó an tráth céanna leis an mbeart dá dtagraítear in Airteagal 77(1), déanfaidh an institiúid na hionstraimí nó na cuntais scairbhisigh ghaolmhara dá dtagraítear in Airteagal 77(1) a ionadú le hionstraimí cistí dílse ar an gcáilíocht chéanna nó ar cháilíocht níos airde faoi théarmaí atá inbhuanaithe maidir le hacmhainn ioncaim na hinstitiúide agus cheadaigh an t-údarás inniúil an gníomh sin ar bhonn an chinnidh go mbainfeadh sochar leis ó thaobh na stuamachta de agus go mbeadh údar leis de bharr cás eisceachtúil a bheith ann;

(e) athcheannaítear ionstraimí Leibhéal 1 Breise nó Leibhéal 2 chun críocha cruthaithe margaidh.

5. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na nithe seo a leanas a shonrú:

(a) an bhrí atá le "inbhuanaithe maidir le hinniúlacht ioncaim na hinstitiúide";

(b) na bunúis iomchuí le teorannú na fuascailte dá dtagraítear i mír 3;

(c) an próiseas, lena n-áirítear na teorainneacha agus na nósanna imeachta maidir leis na húdaráis inniúil an formheas a dhéanamh roimh ré i gcás beart atá liostaithe in Airteagal 77(1), agus na ceanglais sonraí a theastóidh nuair a dhéanfaidh institiúid iarratas ar chead an údaráis inniúil chun beart atá liostaithe ann a dhéanamh, lena n-áirítear an próiseas atá le cur i bhfeidhm i gcás fhuascailt na scaireanna arna n-eisiúint do chomhaltaí comharchumann, agus an teorainn ama atá leis an iarratas sin a phróiseáil.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Iúil 2013.

Tarmligtear chuig an gCoimisiún an chumhacht chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 78a*

**Cead ionstraimí dliteanas incháilithe a laghdú**

1. Tabharfaidh an t-údarás réitigh cead d'institiúid ionstraimí dliteanas incháilithe a cheannach, a fhuascailt, a aisíoc nó a athcheannach i gcás ina gcomhlíontar ceann de na coinníollacha seo a leanas:

▼**M8**

(a) tráth níos luaithe ná an beart nó an tráth céanna le ceann ar bith de na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 77(2), déanann an institiúid na hionstraimí dliteanas incháilithe a ionadú le hionstraimí cistí dílse nó le hionstraimí dliteanas incháilithe atá ar an gcáilíocht chéanna nó ar cháilíocht níos airde faoi théarmaí atá inbhuanaithe maidir le hinniúlacht ioncaim na hinstitiúide;

(b) léirigh an institiúid chun sástacht an údaráis réitigh go sáródh cistí dílse agus dliteanais incháilithe na hinstitiúide, tar éis an bhirt dá dtagraítear in Airteagal 77(2) den Rialachán seo, na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo agus i dTreoracha 2013/36/AE agus 2014/59/AE, de chorrlach a mheasann an t-údarás réitigh, agus an t-údarás inniúil ar aon intinn leis, atá riachtanach;

(c) léirigh an institiúid chun sástacht an údaráis réitigh gur gá ionstraimí cistí dílse a chur in ionad dliteanais incháilithe, go hiomlán nó go páirteach, d'fhonn a áirithiú go gcomhlíontar na ceanglais maidir le cistí dílse a leagtar amach sa Rialachán seo agus i dTreoir 2013/36/AE, ionas go leanfar leis an údarú.

Má thugann institiúid ráthaíochtaí leordhóthanacha maidir lena cumas oibriú le cístí dílse agus le dliteanais incháilithe os cionn mhéid na gceanglas a leagtar amach sa Rialachán seo agus i dTreoracha 2013/36/AE agus 2014/59/AE, féadfaidh an t-údarás réitigh, tar éis dó dul i gcomhairle leis an údarás inniúil, réamhchead ginearálta a thabhairt don institiúid sin ceannach, fuascailt, aisíoc nó athcheannach ionstraimí dliteanas incháilithe a dhéanamh, faoi réir critéir lena n-áiritheofar go mbeidh aon ghníomh den sórt sin i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i bpointí (a) agus (b) den mhír seo. Ní thabharfar an réamhchead ginearálta sin ach le haghaidh tréimhse sonrach nach mó ná bliain amháin, agus féadfar é a athnuachan tar a éis sin. Tabharfar an réamhchead ginearálta le haghaidh méid áirithe réamhchinnte a shocróidh an t-údarás réitigh. Cuirfidh na húdaráis réitigh na húdaráis inniúla ar an eolas faoi aon réamhchead ginearálta a tugadh.

Aistarraingeoidh an t-údarás réitigh an réamhchead ginearálta má sháraíonn institiúid aon cheann de na critéir a tugadh chun críocha an cheada sin.

2. Agus inbhuanaitheacht na n-ionstraimí athsholáthair d'inniúlacht ioncaim na hinstitiúide dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 á measúnú, measfaidh na húdaráis réitigh a mhéid a mbeadh na hionstraimí athsholáthair chaipitil sin agus na dliteanais athsholáthair incháilithe sin níos costasaí don institiúid ná iad siúd a mbeidís ag gabháil ina n-ionad.

3. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na nithe seo a leanas a shonrú:

(a) an próiseas don chomhordú idir an t-údarás inniúil agus an t-údarás réitigh;

(b) an nós imeachta, lena n-áirítear na teorainneacha ama agus na ceanglais faisnéise, chun cead a dheonú i gcomhréir leis an gcéad fhomhír de mhír 1;

(c) an nós imeachta, lena n-áirítear na teorainneacha ama agus na ceanglais faisnéise, chun an réamhchead ginearálta a dheonú i gcomhréir leis an dara fomhír de mhír 1;

(d) an bhrí atá le "inbhuanaithe d'acmhainn ioncaim na hinstitiúide".

Chun críocha phointe (d) den chéad fhomhír den mhír seo, déanfar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a ailíniú go hiomlán leis an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 78.

▼M8

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Nollaig 2019.

Tarmligtear chuig an gCoimisiún an chumhacht chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

▼B

*Airteagal 79*

▼M8

**Tarscaoileadh sealadach ó asbhaint ó chistí dílse agus ó dhliteanais incháilithe**

1. I gcás ina sealbhaíonn institiúid ionstraimí caipitil nó dliteanais a cháilíonn mar ionstraimí cistí dílse in eintiteas earnála airgeadais nó mar dhliteanais incháilithe in institiúid agus ina measann an t-údarás inniúil go bhfuil na sealúchais sin ann chun críocha oibríochta cúnaimh airgeadais a ceapadh chun inmharthanacht an eintitis nó na hinstitiúide sin a atheagrú agus a athshlánú, féadfaidh an t-údarás inniúil na forálacha maidir le hasbhaint a mbeadh feidhm aici ar shlí eile maidir leis na hionstraimí sin a tharscaoileadh ar bhonn sealadach.

▼B

2. Forbróidh an ÚBE dréacht-chaighdeáin theicniúla rialála chun an coincheap 'sealadach' a shonrú chun críocha mhír 1 agus chun na coinníollacha a shonrú ar dá réir a measann údarás inniúil gur chun críocha oibríochta cúnaimh airgeadais a ceapadh chun eintiteas ábhartha a atheagrú agus a shábháil iad na sealúchais shealadacha sin dá dtagraítear.

▼C1

Cuirfidh an ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Iúil 2013.

▼B

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

▼M8

*Airteagal 79a*

**Measúnú ar chomhlíonadh na gcoinníollacha maidir le cistí dílse agus ionstraimí dliteanas incháilithe**

Is ar ghnéithe substaintiúla na n-ionstraimí agus ní ar a bhfoirm dhlíthiúil amháin a thabharfaidh na hinstitiúidí aird agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar síos i gCuid a Dó. Áireofar sa mheasúnú ar ghnéithe substaintiúla ionstraime na socruithe go léir a bhaineann leis na hionstraimí, fiú i gcás socruithe nach leagtar amach go sainráite i dtéarmaí agus i gcoinníollacha na n-ionstraimí féin, d'fhonn a chinneadh an gcomhlíontar cuspóir na bhforálacha ábhartha le héifeachtaí comhcheangailte eacnamaíocha na socruithe sin.

▼B

*Airteagal 80*

▼M8

**Athbhreithniú leantach ar cháilíocht cistí dílse agus ionstraimí dliteanas incháilithe**

1. Déanfaidh ÚBE monatóireacht ar chaighdeán na n-ionstraimí cistí dílse agus dliteanas incháilithe arna n-eisiúint ag institiúidí ar fud an

▼M8

Aontais agus tabharfaidh sé fógra don Choimisiún láithreach i gcás ina bhfuil fianaise shuntasach ann nach gcomhlíonann na hionstraimí sin na critéir incháilitheachta lena mbaineann a leagtar amach sa Rialachán seo.

Ar iarratas ó ÚBE agus gan aon mhoill, cuirfidh údaráis inniúla gach faisnéis ar aghaidh chuig ÚBE a mheasann ÚBE a bhaineann le hábhar i ndáil le hionstraimí nua caipitil nó cineálacha nua dliteanas a eisíodh chun é a chur ar chumas ÚBE faireachán a dhéanamh ar cháilíocht ionstraimí cistí dílse agus dliteanas incháilithe arna n-eisiúint ag institiúidí ar fud an Aontais.

▼B

2. Beidh an méid seo a leanas ar áireamh san fhógra:

(a) míniú mionsonraithe ar chineál agus ar mhéid an easnaimh atá aitheanta;

(b) comhairle theicniúil maidir leis an mbeart de chuid an Choimisiúin a mheasann an ÚBE a bheith riachtanach.

(c) forbairtí móra sa mhodheolaíocht a úsáideann an ÚBE chun tástáil struis a dhéanamh ar shócmhainneacht institiúidí.

▼M8

3. Tabharfaidh ÚBE comhairle theicniúil don Choimisiún maidir le haon athruithe suntasacha a mheasann sé a theastaíonn don sainmhíniú ar chistí dílse mar thoradh ar aon cheann díobh seo a leanas:

▼B

(a) forbairtí ábhartha i gcaighdeáin nó i gcleachtais an mhargaidh;

(b) athruithe i gcaighdeáin ábhartha dlí nó cuntasaíochta;

(c) forbairtí móra sa mhodheolaíocht a úsáideann an ÚBE chun tástáil struis a dhéanamh ar shócmhainneacht institiúidí.

4. Tabharfaidh an ÚBE comhairle theicniúil don Choimisiún faoin 1 Eanáir 2014 ar bhealaí ina bhféadfaí gnóthachain neamhréadaithe ag a luach cóir a láimhseáil seachas iad a áireamh gan choigeartú faoi Ghnáthchothromas Leibhéal 1. Tabharfar aird i moltaí den sórt sin ar fhorbairtí ábhartha i gcaighdeáin chuntasaíochta idirnáisiúnta agus i gcomhaontuithe idirnáisiúnta maidir le caighdeáin stuamachta i gcomhair na mbanc.

TEIDEAL II

**LEAS MIONLAIGH AGUS IONSTRAIMÍ CHAIPITEAL BREISE LEIBHÉAL 1 AGUS DE CHAIPITEAL LEIBHÉAL 2 ARNA N-EISIÚINT AG FOCHUIDEACHTAÍ**

*Airteagal 81*

**Leasanna mionlaigh atá cáilithe mar Ghnáthchothromas Leibhéal 1 comhdhlúite**

▼M8

1. Is leasanna mionlaigh iad suim na n-ítimí Gnáthchothromas Leibhéal 1 de chuid fochuideachta, i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

▼M9

(a) is ceann díobh seo a leanas an fhochuideachta:

(i) institiúid;

▼M9

(ii) gnóthas atá faoi réir cheanglais an Rialacháin seo agus Threoir 2013/36/AE, de bhua an dlí náisiúnta is infheidhme;

(iii) cuideachta idirmheánach sealbhaíochta airgeadais nó cuideachta idirmheánach sealbhaíochta airgeadais measctha atá faoi réir cheanglais an Rialacháin seo ar bhonn fo-chomhdhlúite, nó cuideachta idirmheánach sealbhaíochta infheistíochta atá faoi réir ceanglais Rialachán (AE) 2019/2033 ar bhonn comhdhlúite;

(iv) gnólacht infheistíochta;

(v) cuideachta idirmheánach sealbhaíochta airgeadais i dtríú tír, ar choinníoll go bhfuil an chuideachta idirmheánach sealbhaíochta airgeadais sin faoi réir ceanglais stuamachta atá chomh dian céanna leis na ceanglais stuamachta a bhfuil institiúidí creidmheasa an tríú tír sin faoina réir agus ar choinníoll gur ghlac an Coimisiún cinneadh, i gcomhréir le hAirteagal 107(4), á chinneadh go bhfuil na ceanglais stuamachta sin coibhéiseach, ar a laghad, le ceanglais stuamachta an Rialacháin seo;

▼M8

(b) tá an fhochuideachta áirithe go hiomlán sa chomhdhlúthú de bhun Chaibidil 2 de Theideal II de Chuid a hAon;

(c) is le daoine seachas na gnóthais a áirítear sa chomhdhlúthú de bhun Chaibidil 2 de Theideal II de Chuid a hAon na hítimí Gnáthchothromas Leibhéal 1 dá dtagraítear sa chuid réamhráiteach den mhír seo.

▼B

2. Ní cháileofar mar Ghnáthchothromas Leibhéal 1 comhdhlúite leasanna mionlaigh atá cistithe go díreach nó go hindíreach, trí eintiteas sainchuspóireach nó ar shlí eile, ag máthairghnóthas na hinstitiúide, nó ag a gcuid fochuideachtaí.

▼M8
▼C7

*Airteagal 82*

**Caipiteal cáilitheach Breise Leibhéal 1, caipiteal Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 agus cistí dílse cáilitheacha**

Is é a bheidh i gcaipiteal cáilitheach Leibhéal 1 Breise, Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 agus i gcistí dílse cáilitheacha, an leas mionlaigh, ionstraimí Leibhéal 1 Breise, Leibhéal 1 nó Leibhéal 2, de réir mar is infheidhme, móide na cuntais scairbhisigh ghaolmhara, de chuid fochuideachta, i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) is ceann díobh seo a leanas an fhochuideachta:

(i) institiúid;

(ii) gnóthas atá faoi réir cheanglais an Rialacháin seo agus Threoir 2013/36/AE, de bhua an dlí náisiúnta is infheidhme;

(iii) cuideachta idirmheánach sealbhaíochta airgeadais nó cuideachta idirmheánach sealbhaíochta airgeadais measctha atá faoi réir cheanglais an Rialacháin seo ar bhonn fo-chomhdhlúite, nó cuideachta idirmheánach sealbhaíochta infheistíochta atá faoi réir ceanglais Rialachán (AE) 2019/2033 ar bhonn comhdhlúite;

(iv) gnólacht infheistíochta;

▼C7

(v) cuideachta idirmheánach sealbhaíochta airgeadais i dtríú tír, ar choinníoll go bhfuil an chuideachta idirmheánach sealbhaíochta airgeadais sin faoi réir ceanglais stuamachta atá chomh dian céanna leis na ceanglais stuamachta a bhfuil institiúidí creidmheasa an tríú tír sin faoina réir agus i gcás inar ghlac an Coimisiún cinneadh, i gcomhréir le hAirteagal 107(4), á chinneadh go bhfuil na ceanglais stuamachta sin coibhéiseach, ar a laghad, le ceanglais stuamachta an Rialacháin seo;

(b) tá an fhochuideachta áirithe go hiomlán faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe de bhun Chaibidil 2 de Theideal II de Chuid a hAon;

(c) is le daoine seachas na gnóthais a áirítear sa chomhdhlúthú de bhun Chaibidil 2 de Theideal II de Chuid a hAon na hítimí Gnáthchothromas Leibhéal 1, na hítimí Leibhéal 1 Breise agus na hítimí Leibhéal 2.

▼B

*Airteagal 83*

**Caipiteal cáilitheach Breise Leibhéal 1 agus Caipiteal cáilitheach Leibhéal 2 arna eisiúint ag eintiteas sainchuspóireach**

▼M8

1. Go dtí an 31 Nollaig 2021, níl ionstraimí Leibhéal 1 Breise agus Leibhéal 2 arna n-eisiúint ag eintiteas sainchuspóireach, agus na cuntais scairbhisigh ghaolmhara ar áireamh i gcaipiteal cáilitheach Leibhéal 1 Breise nó i Leibhéal 1 nó Leibhéal 2 nó i gcistí dílse cáilitheacha, de réir mar is infheidhme, ach amháin i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

▼B

(a) toisc nach bhfuil an fhochuideachta áirithe go hiomlán sa chomhdhlúthú de bhun Chaibidil 2 de Theideal II de Chuid a hAon.

(b) níl na hionstraimí, agus na cuntais scairbhisigh ghaolmhara, ar áireamh i gCaipiteal cáilitheach Breise Leibhéal 1 ach amháin i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha atá leagtha amach in Airteagal 52(1);

(c) níl na hionstraimí, agus na cuntais scairbhisigh ghaomhara, ar áireamh i gCaipiteal cáilitheach Leibhéal 2 ach amháin i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha atá leagtha amach in Airteagal 63;

(d) is í an t-aon sócmhainn atá ag an eintiteas sainchuspóireach a infheistíocht i gcistí dílse an mháthairghnóthais nó fhochuideachta an mháthairghnóthais a áirítear go hiomlán sa chomhdhlúthú de bhun Chaibidil 2, Theideal II de Chuid a hAon, agus comhlíonann a foirm na coinníollacha iomchuí atá leagtha amach in Airteagal 52(1) nó Airteagal 63, de réir mar is infheidhme.

I gcás ina measann an t-údarás inniúil gur mionsócmhainní agus sócmhainní neamhthábhachtacha i gcás eintitis shainchuspóirigh iad na sócmhainní atá ag eintiteas sainchuspóireach seachas a infheistíocht i gcistí dílse an mháthairghnóthais nó fhochuideachta an mháthairghnóthais a áirítear i raon feidhme an chomhdhlúthaithe de bhun Chaibidil 2 de Theideal II de Chuid a hAon, féadfaidh an t-údarás inniúil an coinníoll a shonraítear i bpointe (d) den chéad fhomhír a tharscaoileadh.

2. Forbróidh an ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na cineálacha sócmhainní ar féidir go mbaineannsiad le feidhmiú eintiteas sainchuspóireach agus na coincheapa 'mionsócmhainní' agus 'sócmhainní neamhthábhachtacha' dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 1 a shonrú.

▼C1

Cuirfidh an ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Iúil 2013.

▼B

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 84*

**Leasanna mionlaigh atá ar áireamh i nGnáthchothromas Leibhéal 1 comhdhlúite**

▼M9

1. Déanfaidh institiúidí méid na leasanna mionlaigh a bheidh ag fochuideachta i gcaipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 comhdhlúite a chinneadh tríd an toradh a bheidh ar an méid dá dtagraítear i bpointe (a) agus é iolraithe faoin gcéatadán dá dtagraítear i bpointe (b) a dhealú ó leasanna mionlaigh an ghnóthais sin mar a leanas:

▼C5

(a) caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 na fochuideachta lúide an ceann is ísle díobh seo a leanas:

(i) an méid de chaipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 atá ag an bhfochuideachta sin a theastaíonn chun an méid seo a leanas a chomhlíonadh:

— an tsuim atá sa cheanglas a leagtar síos i bpointe (a) d'Airteagal 92(1) den Rialachán seo, na ceanglais dá dtagraítear in Airteagail 458 agus 459 den Rialachán seo, na ceanglais shonracha cistí dílse dá dtagraítear in Airteagal 104 de Threoir 2013/36/AE, an ceanglas maoláin comhcheangailte a shainmhínítear i bpointe (6) d'Airteagal 128 den Treoir sin, agus aon rialacháin mhaoirseachta áitiúla bhreise i dtríú tíortha a mhéid atá na ceanglais sin le comhlíonadh le caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1;

— i gcás inar fochuideachta an gnólacht infheistíochta, an tsuim atá sa cheanglas a leagtar síos in Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2019/2033, na ceanglais shonracha cistí dílse dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 39(2) de Threoir (AE) 2019/2034 agus aon rialacháin mhaoirseachta áitiúla bhreise i dtríú tíortha a mhéid atá na ceanglais sin le comhlíonadh le caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1;

(ii) an méid de chaipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1 comhdhlúite a bhaineann leis an bhfochuideachta sin atá faoi cheangal ar bhonn comhdhlúite an tsuim atá sa cheanglas a leagtar síos i bpointe (a) d'Airteagal 92(1) den Rialachán seo a chomhlíonadh, na ceanglais dá dtagraítear in Airteagail 458 agus 459 den Rialachán seo, na ceanglais shonracha cistí dílse dá dtagraítear in Airteagal 104 de Threoir 2013/36/AE, an ceanglas maoláin comhcheangailte a shainmhínítear i bpointe (6) d'Airteagal 128 den Treoir sin, agus aon rialacháin mhaoirseachta áitiúla bhreise i dtríú tíortha a mhéid atá na ceanglais sin le comhlíonadh le caipiteal Gnáthchothromas Leibhéal 1;

(b) leasanna mionlaigh na fochuideachta arna sloinneadh mar chéatadán d'ítimí uile de Ghnáthchothromas Leibhéal 1 an ghnóthais sin.

▼B

2. Déanfar an ríomh dá dtagraítear i mír 1 ar bhonn fo-chomhdhlúite le haghaidh gach fochuideachta dá dtagraítear in Airteagal 81(1).

Féadfaidh institiúid rogha a dhéanamh gan an ríomh sin a dhéanamh le haghaidh fochuideachta dá dtagraítear in Airteagal 81(1). I gcás ina ndéanann institiúid cinneadh mar sin, d'fhéadfaí nach n-áireofaí leas mionlach na fochuideachta sin i gcaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 comhdhlúite.

▼M9

3. I gcás ina maolóidh údarás inniúil ó chur i bhfeidhm ceanglas stuamachta ar bhonn aonair, mar a leagtar síos in Airteagal 7 den Rialachán seo nó, de réir mar is infheidhme, mar a leagtar síos in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/2033 ní aithneofar an leasanna mionlaigh sna fochuideachtaí a gcuirfear an tarscaoileadh i bhfeidhm ina leith i gcistí dílse ar an leibhéal fo-chomhdhlúite nó ar an leibhéal comhdhlúite, de réir mar is infheidhme.

▼B

4. Forbróidh an ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn an ríomh fo-chomhdhlúite a éilítear i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo, le hAirteagal 85 agus le hAirteagal 87, a shonrú.

▼C1

Cuirfidh an ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Iúil 2013.

▼B

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir lehAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

5. Féadfaidh údaráis inniúla tarscaoileadh ó fheidhmiú an Airteagail seo a thabhairt do mháthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais a chomhlíonann na coinníollacha seo go léir:

(a) is é a príomhghníomhaíocht sealúchas a fháil;

(b) tá sé faoi réir maoirseachta stuamachta ar bhonn comhdhlúite;

(c) déanann sí comhdhlúthú ar fho-institiúid nach bhfuil ach sealbhaíocht mhionlach aici inti de bhua na gaolmhaireacht rialaithe a shainítear in Airteagal 1 den Seachtú Treoir 83/349/CEE ón gComhairle;

(d) tagann níos mó ná 90 % den chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 comhdhlúite a éilítear ón bhfo-institiúid dá dtagraítear i pointe c) agus a ríomhtar ar bhonn fho-chomhdhlúite.

►C1 I gcás, tar éis an 28 Meitheamh 2013, ina n-éireoidh máthairchuideachta ◄ shealbhaíochta airgeadais a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos sa chéad fhomhír, ina máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha, féadfaidh údaráis inniúla an tarscaoileadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír a dheonú don mháthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha sin ar an gcoinníoll go gcomhlíonann sí na coinníollacha a leagtar síos san fhomhír sin.

▼B

6. I gcás ina mbeidh scéim trasráthaíochta curtha ar bun ag institiúidí creidmheasa atá cleamhnaithe go buan i líonra le comhlacht lárnach agus institiúidí a bhunaítear laistigh de scéim cosanta institiúideach faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 113(7) lena bhforáiltear nach ann d'aon bhac dlíthiúil, praiticiúil ná ábharach, ná súil le bac den sórt sin, i gcás aistriú cistí dílse os cionn na gceanglas rialála ón gcontrapháirtí chuig an institiúid chreidmheasa, beidh díolúine ag na hinstitiúidí sin ó fhorálacha an Airteagail sin maidir le laghduithe agus féadfaidh sé aon leas mionlach a eascraíonn laistigh den scéim trasráthaíochta a aithint ina iomláine.

*Airteagal 85*

**Ionstraimí cáilitheacha Leibhéal 1 atá ar áireamh i gCaipiteal Leibhéal 1 comhdhlúite**

▼M9

1. Déanfaidh institiúidí an méid de chaipiteal cáilitheach Leibhéal 1 a bheidh ag fochuideachta i gcistí dílse comhdhlúite a chinneadh tríd an toradh a bheidh ar an méid dá dtagraítear i bpointe (a) agus é iolraithe faoin gcéatadán dá dtagraítear i bpointe (b) a dhealú ó chaipiteal cáilitheach Leibhéal 1 an ghnóthais sin mar a leanas:

▼C5

(a) caipiteal Leibhéal 1 atá ag an bhfochuideachta lúide an ceann is ísle díobh seo a leanas:

(i) an méid de chaipiteal Leibhéal 1 atá ag an bhfochuideachta sin a theastaíonn chun an méid seo a leanas a chomhlíonadh:

— an tsuim atá sa cheanglas a leagtar síos i bpointe (b) d’Airteagal 92(1) den Rialachán seo, na ceanglais dá dtagraítear in Airteagail 458 agus 459 den Rialachán seo, na ceanglais shonracha cistí dílse dá dtagraítear in Airteagal 104 de Threoir 2013/36/AE, an ceanglas maoláin comhcheangailte a shainmhínítear i bpointe (6) d’Airteagal 128 den Treoir sin, agus aon rialacháin mhaoirseachta áitiúla bhreise i dtríú tíortha a mhéid atá na ceanglais sin le comhlíonadh le Caipiteal Leibhéal 1;

— i gcás inar fochuideachta an gnólacht infheistíochta, an tsuim atá sa cheanglas a leagtar síos in Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2019/2033, na ceanglais shonracha cistí dílse dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 39(2) de Threoir (AE) 2019/2034 agus aon rialacháin mhaoirseachta áitiúla bhreise i dtríú tíortha a mhéid atá na ceanglais sin le comhlíonadh le caipiteal Leibhéal 1;

(ii) an méid de Chaipiteal Leibhéal 1 comhdhlúite a bhaineann leis an bhfochuideachta sin atá faoi cheangal ar bhonn comhdhlúite an tsuim atá sa cheanglas a leagtar síos i bpointe (b) d’Airteagal 92(1) den Rialachán seo a chomhlíonadh, na ceanglais dá dtagraítear in Airteagail 458 agus 459 den Rialachán seo, na ceanglais shonracha cistí dílse dá dtagraítear in Airteagal 104 de Threoir 2013/36/AE, an ceanglas maoláin comhcheangailte a shainmhínítear i bpointe (6) d’Airteagal 128 den Treoir sin, agus aon rialacháin mhaoirseachta áitiúla bhreise i dtríú tíortha a mhéid agus atá na ceanglais sin le comhlíonadh le Caipiteal Leibhéal 1;

▼**C5**

(b) caipiteal cáilitheach Leibhéal 1 na fochuideachta arna shloinneadh mar chéatadán d'ítimí uile Ghnáthchothromas Leibhéal 1 agus ítimí Leibhéal 1 Breise an ghnóthais sin.

▼**B**

2. Déanfar an ríomh dá dtagraítear i mír 1 ar bhonn fo-chomhdhlúite le haghaidh gach fochuideachta dá dtagraítear in Airteagal 81(1).

Féadfaidh institiúid rogha a dhéanamh gan an ríomh sin a dhéanamh le haghaidh fochuideachta dá dtagraítear in Airteagal 81(1). I gcás ina ndéanfaidh institiúid cinneadh mar sin, ní fhéadfar caipiteal cáilitheach Leibhéal 1 na fochuideachta sin a áireamh sa chaipiteal Leibhéal 1 comhdhlúite.

▼**M9**

3. I gcás ina maolóidh údarás inniúil ó chur i bhfeidhm ceanglas stuamachta ar bhonn aonair, mar a leagtar síos in Airteagal 7 den Rialachán seo nó, i gcás inarb infheidhme, mar a leagtar síos in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/2033, ní aithneofar ionstraimí Leibhéal 1 sna fochuideachtaí a gcuirfear an tarscaoileadh i bhfeidhm ina leith mar chistí dílse ar an leibhéal fo-chomhdhlúite nó ar an leibhéal comhdhlúite, de réir mar is infheidhme.

▼**B**

*Airteagal 86*

**Caipiteal cáilitheach Leibhéal 1 atá ar áireamh i gCaipiteal Breise Leibhéal 1 comhdhlúite**

Gan dochar d'Airteagal 84 (5) agus (6), déanfaidh institiúidí an méid de chaipiteal cáilitheach Leibhéal 1 a bheidh ag fochuideachta a áireofar i gCaipiteal Breise Leibhéal 1 comhdhlúite a chinneadh trí leasanna mionlaigh an ghnóthais sin atá ar áireamh i nGnáthchothromas Leibhéal 1 comhdhlúite a dhealú ó chaipiteal cáilitheach Leibhéal 1 an ghnóthais sin atá ar áireamh i gCaipiteal Leibhéal 1 comhdhlúite.

*Airteagal 87*

**Cistí dílse cáilitheacha atá ar áireamh i gcistí dílse comhdhlúite**

▼**M9**

1. Déanfaidh institiúidí méid na gcistí dílse cáilitheacha a bheidh ag fochuideachta i gcistí dílse comhdhlúite a chinneadh tríd an toradh a bheidh ar an méid dá dtagraítear i bpointe (a) agus é iolraithe faoin gcéatadán dá dtagraítear i bpointe (b) a dhealú ó chistí dílse cáilitheacha an ghnóthais sin mar a leanas:

▼**C5**

(a) cistí dílse na fochuideachta lúide an ceann is ísle díobh seo a leanas:

(i) an méid de chistí dílse na fochuideachta a theastaíonn chun an méid seo a leanas a chomhlíonadh:

▼C5

— an tsuim atá sa cheanglas a leagtar síos i bpointe (c) d'Airteagal 92(1) den Rialachán seo, na ceanglais dá dtagraítear in Airteagail 458 agus 459 den Rialachán seo, na ceanglais shonracha cistí dílse dá dtagraítear in Airteagal 104 de Threoir 2013/36/AE, an ceanglas maoláin comhcheangailte a shainmhínítear i bpointe (6) d'Airteagal 128 den Treoir sin, agus aon rialacháin mhaoirseachta áitiúla bhreise i dtríú tíortha;

— i gcás inar fochuideachta an gnólacht infheistíochta, an tsuim atá sa cheanglas a leagtar síos in Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2019/2033, na ceanglais shonracha cistí dílse dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 39(2) de Threoir (AE) 2019/2034 agus aon rialacháin mhaoirseachta áitiúla bhreise i dtríú tíortha;

(ii) an méid de chistí dílse a bhaineann leis an bhfochuideachta atá faoi cheangal ar bhonn comhdhlúite an tsuim atá sa cheanglas a leagtar amach i bpointe (c) d'Airteagal 92(1) den Rialachán seo a chomhlíonadh, na ceanglais dá dtagraítear in Airteagail 458 agus 459 den Rialachán seo, na ceanglais shonracha cistí dílse dá dtagraítear in Airteagal 104 de Threoir 2013/36/AE, an ceanglas maoláin comhcheangailte a shainmhínítear i bpointe (6) d'Airteagal 128 den Treoir sin, agus aon rialacháin mhaoirseachta áitiúla bhreise i dtríú tíortha;

(b) cistí dílse cáilitheacha an ghnóthais, arna sloinneadh mar chéatadán de shuim na n-ítimí uile de Ghnáthchothromas Leibhéal 1, ítimí Leibhéal 1 Breise agus ítimí Leibhéal 2, seachas na méideanna dá dtagraítear i bpointí (c) agus (d) d'Airteagal 62, an ghnóthais sin.

▼B

2. Déanfar an ríomh dá dtagraítear i mír 1 ar bhonn fo-chomhdhlúite le haghaidh gach fochuideachta dá dtagraítear in Airteagal 81(1).

Féadfaidh institiúid rogha a dhéanamh gan an ríomh sin a dhéanamh le haghaidh fochuideachta dá dtagraítear in Airteagal 81(1). I gcás ina nglacfaidh institiúid cinneadh mar sin, ní fhéadfar leas mionlaigh na fochuideachta sin a chur san áireamh i nGnáthchothromas Leibhéal 1 comhdhlúite.

▼M9

3. I gcás ina maolóidh údarás inniúil ó chur i bhfeidhm ceanglas stuamachta ar bhonn aonair, mar a leagtar síos in Airteagal 7 den Rialachán seo nó, de réir mar is infheidhme, mar a leagtar síos in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/2033, ní aithneofar ionstraimí cistí dílse sna fochuideachtaí a gcuirfear an tarscaoileadh i bhfeidhm ina leith mar chistí dílse ar an leibhéal fo-chomhdhlúite nó ar an leibhéal comhdhlúite, mar is infheidhme.

▼B

*Airteagal 88*

**Ionstraimí cáilitheacha de chistí dílse atá ar áireamh i gCaipiteal Leibhéal 2 comhdhlúite**

Gan dochar d'Airteagal 84 (5) agus (6), déanfaidh institiúidí an méid de chistí dílse cáilitheacha a bheidh ag fochuideachta a áireofar i gCaipiteal Leibhéal 2 comhdhlúite a chinneadh trí chaipiteal cáilitheach Leibhéal 1 an ghnóthais atá ar áireamh i gCaipiteal Leibhéal 1 comhdhlúite a dhealú ó chistí dílse cáilitheacha an ghnóthais sin atá ar áireamh i gcistí dílse comhdhlúite.

▼M8

*Airteagal 88a*

**Ionstraimí dliteanas cáilitheacha incháilithe**

Maidir le dliteanais a eiseoidh fochuideachta atá bunaithe san Aontas ar cuid den ghrúpa réitigh céanna í leis an eintiteas réitigh, beidh siad cáilithe a áireamh i measc ionstraimí dliteanas incháilithe chomhdhlúthaithe institiúide faoi réir Airteagal 92a ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) eiseofar iad i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 45f(2) de Threoir 2014/59/AE;

(b) ceannóidh scairshealbhóir atá ann cheana iad nach cuid den ghrúpa réitigh céanna é chomh fada agus nach ndéanfar difear, le feidhmiú na gcumhachtaí díluachála nó comhshó i gcomhréir le hAirteagail 59 go 62 de Threoir 2014/59/AE, don rialú a dhéanfaidh an t-eintiteas réitigh ar an bhfochuideachta;

(c) ní mó iad ná méid a chinnfear tríd an méid dá dtagraítear i bpointe (i) a dhealú ón méid dá dtagraítear i bpointe (ii):

   (i) suim na ndliteanas a eiseofar don eintiteas réitigh agus a cheannóidh an t-eintiteas réitigh sin go díreach nó go hindíreach trí eintitis eile sa ghrúpa réitigh céanna agus méid na gcistí dílse a eiseofar i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 45f(2) de Threoir 2014/59/AE;

   (ii) an méid is gá i gcomhréir le hAirteagal 45f(1) de Threoir 2014/59/AE

▼B

TEIDEAL III

**SEALÚCHAIS CHÁILITHEACHA LASMUIGH DEN EARNÁIL AIRGEADAIS**

*Airteagal 89*

**Ualú priacal agus toirmeasc ar shealúchais cháilitheacha lasmuigh den earnáil airgeadais**

1. Beidh sealúchas cáilitheach, ar mó a mhéid ná 15 % de chaipiteal incháilithe na hinstitiúide, i ngnóthas nach ceann díobh seo a leanas é faoi réir ag na forálacha atá leagtha amach i mír 3:

▼B

(a) eintiteas earnála airgeadais;

(b) gnóthas, nach eintiteas earnála airgeadais é, a bhfuil gníomhaíochtaí ar bun aige a measann an t-údarás inniúil gurb ionann iad agus aon cheann de na nithe seo a leanas:

(i) síneadh díreach ar bhaincéireacht;

(ii) seirbhísí atá coimhdeach le baincéireacht;

(iii) léasú, fachtóireacht, bainistiú ar iontaobhais aonad, bainistiú ar sheirbhísí próiseála sonraí nó aon ghníomhaíocht eile dá samhail.

2. Beidh méid iomlán na sealúchas cáilitheach atá ag institiúid i ngnóthais seachas na gnóthais sin dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) de mhír 1 agus ar mó iad ná 60 % dá chaipiteal incháilithe faoi réir na bhforálacha atá leagtha amach i mír 3.

3. Cuirfidh údaráis inniúla na ceanglais atá leagtha amach i bpointe (a) nó i bpointe (b) i bhfeidhm maidir le sealúchais cháilitheacha na n-institiúidí dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2:

(a) chun an ceanglas caipitil a ríomh i gcomhréir le Cuid a Trí cuirfidh institiúidí ualú priacal 1 250 % leis an gceann is mó de na cinn a leanas:

(i) méid na sealúchas cáilitheach dá dtagraítear i mír 1 ar mó iad ná 15 % den chaipiteal incháilithe;

(ii) méid iomlán na sealúchas cáilitheach dá dtagraítear i mír 2 ar mó iad ná 60 % de chaipiteal incháilithe na hinstitiúide;

(b) cuirfidh na húdaráis inniúla toirmeasc ar institiúidí sealúchais cháilitheacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a bheith acu nuair is mó é a méid ná na céatadáin de chaipiteal incháilithe atá leagtha amach sna míreanna sin.

Foilseoidh na húdaráis inniúla a rogha idir (a) nó (b).

4. Chun críoch phointe (b) de mhír 1, eiseoidh an ÚBE treoirlínte lena sonraítear na coincheapa seo a leanas:

(a) gníomhaíochtaí ar síneadh díreach ar bhaincéireacht iad;

(b) gníomhaíochtaí atá coimhdeach le baincéireacht;

(c) gníomhaíochtaí comhchosúla.

Glacfar na treoirlínte sin i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 90*

**Rogha eile ar ualú priacal 1 250 %**

Mar rogha eile ar ualú priacal 1 250 % a chur i bhfeidhm maidir leis na méideanna ar mó iad ná na teorainneacha atá sonraithe i mír 1 agus mír 2 d'Airteagal 89, féadfaidh institiúidí na méideanna sin a asbhaint as ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 i gcomhréir le pointe (k) d'Airteagal 36(1).

▼B

*Airteagal 91*

**Eisceachtaí**

1. Ní dhéanfar scaireanna gnóthas nach dtagraítear dóibh i bpointí (a) agus (b) de mhír 1 d'Airteagal 89 a áireamh nuair a ríomhfar na teorainneacha do chaipiteal incháilithe atá sonraithe san Airteagal sin i gcás ina gcomhlíontar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) sealbhaítear na scaireanna sin go sealadach le linn oibríocht tarrthála airgeadais a bheith ar bun, dá dtagraítear in Airteagal 79;

(b) is suíomh frithgheallta arna shealbhú ar feadh chúig lá oibre nó níos giorra é sealúchas na scaireanna sin;

(c) sealbhaítear na scaireanna sin in ainm na hinstitiúide féin agus thar ceann daoine eile.

2. Ní dhéanfar scaireanna nach sócmhainní seasta airgeadais iad mar a thagraítear dóibh in Airteagal 38(2) de Threoir 86/635/CEE a áireamh sa ríomh atá sonraithe in Airteagal 89.

CUID A TRÍ

**CEANGLAIS CHAIPITIL**

TEIDEAL I

**CEANGLAIS GHINEARÁLTA, LUACHÁIL AGUS TUAIRISCIÚ**

*CAIBIDIL 1*

***Leibhéal cistí dílse arna cheangal***

Roinn 1

**Ceanglais cistí dílse le haghaidh institiúidí**

*Airteagal 92*

**Ceanglais cistí dílse**

1. Faoi réir Airteagal 93 agus Airteagal 94, comhlíonfaidh institiúidí tráth ar bith na ceanglais cistí dílse seo a leanas:

(a) cóimheas caipitil 4.5 % de Ghnáthchothromas Leibhéal 1;

(b) cóimheas caipitil Leibhéal 1 6 %;

(c) cóimheas caipitil iomlán 8 %;

▼M8

(d) cóimheas luamhánaithe 3 %.

1a. Sa bhreis ar an gceanglas a leagtar síos i bpointe (d) de mhír 1 den Airteagal seo, coinneoidh G-SII maolán cóimheasa luamhánaithe cothrom le tomhas iomlán risíochta de chuid G-SII dá dtagraítear in Airteagal 429(4) den Rialachán seo arna iolrú faoi 50 % de mhaolán G-SII is infheidhme maidir le G-SII i gcomhréir le hAirteagal 131 de Threoir 2013/36/AE.

▼C7

Ní dhéanfaidh G-SII an ceanglas maoláin cóimheasa luamhánaithe a chomhlíonadh ach amháin le caipiteal Leibhéal 1. Caipiteal Leibhéal 1 a úsáidfear chun an ceanglas maoláin cóimheasa luamhánaithe a chomhlíonadh, ní úsáidfear é chun aon cheanglas luamhánú-bhunaithe a leagtar amach i bpointe (d) de mhír 1 den Airteagal seo agus i dTreoir 2013/36/AE a chomhlíonadh, ach amháin má dhéantar foráil shainráite dó ar shlí eile sa Rialachán nó sa Treoir.

▼M8

I gcas nach gcomhlíonfaidh G-SII an ceanglas maoláin cóimheasa luamhánaithe, beidh sé faoi réir an cheanglais caomhnaithe caipitil i gcomhréir le hAirteagal 141b de Threoir 2013/36/AE.

I gcás nach gcomhlíonfaidh G-SII an ceanglas maoláin cóimheasa luamhánaithe agus an ceanglas maoláin chomhcheangailte mar a shainmhínítear i bpointe (6) d'Airteagal 128 de Threoir 2013/36/AE é ag an am céanna, beidh sé faoi réir an cheanglais caomhnaithe caipitil atá níos airde i gcomhréir le hAirteagal 141 agus 141b den Treoir sin.

▼B

2. Ríomhfaidh institiúidí a gcóimheasa caipitil mar seo a leanas:

(a) is ionann cóimheas caipitil Ghnáthchothromas Leibhéal 1 agus caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 na hinstitiúide, arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar priacal;

(b) is ionann cóimheas caipitil Leibhéal 1 agus Caipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide, arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar priacal;

(c) is ionann an cóimheas caipitil iomlán agus cistí dílse na hinstitiúide, arna shloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar priacal.

3. Ríomhfar méid iomlán na risíochta ar priacal mar shuim phointí (a) go (f) den mhír seo tar éis na forálacha atá leagtha amach i mír 4 a chur san áireamh:

(a) na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal i gcás priacal creidmheasa agus priacal caolúcháin, arna ríomh i gcomhréir le Teideal II agus Airteagal 379, maidir le gníomhaíochtaí gnó uile institiúide, cé is moite de mhéideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal ó ghnó na hinstitiúide a bhaineann leis an leabhar trádála;

▼M8

(b) ceanglais cistí dílse gnó institiúide, ar gnó é sin a bhaineann leis an leabhar trádála, i gcás an mhéid seo a leanas:

(i) priacail mhargaidh arna gcinneadh i gcomhréir le Teideal IV den Chuid seo, cé is moite de na cur chuige a leagtar amach i gCaibidlí 1a agus 1b den Teideal sin;

(ii) risíochtaí móra a sháraíonn na teorainneacha a shonraítear in Airteagal 395 go hAirteagal 401, a mhéid is ceadmhach d'institiúid na teorainneacha sin a shárú, arna gcinneadh i gcomhréir le Cuid a Ceathair;

(c) na ceanglais cistí dílse do priacal margaidh arna gcinneadh i dTeideal IV den Chuid seo, cé is moite de na cur chuige a leagtar amach i gCaibidlí 1a agus 1b den Teideal sin, do gach gníomhaíocht ghnó atá faoi réir priacal malairte eachtraí nó priacal tráchtearraí;

(ca) na ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir le Teideal V den Chuid seo, cé is moite d'Airteagal 379 le haghaidh priacal socraíochta;

▼B

(d) na ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir le Teideal VI i gcás priacal a bhaineann le coigeartú luachála creidmheasa na n-ionstraimí díorthach thar an gcuntar seachas díorthaigh chreidmheasa atá aitheanta chun méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a laghdú le haghaidh priacal creidmheasa;

(e) ceanglais cistí dílse arna gcinneadh i gcomhréir le Teideal III le haghaidh priacal oibriúcháin;

(f) na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal arna gcinneadh i gcomhréir le Teideal II le haghaidh priacal contrapháirtí a thig as gnó na hinstitiúide a bhaineann leis an leabhar trádála do na cineálacha idirbheart agus comhaontuithe a leanas:

▼B

(i) conarthaí a liostaitear in Iarscríbhinn II agus díorthaigh chreidmheasa;

(ii) idirbhearta athcheannaigh, idirbhearta iasachtaithe nó iasachtaíochta urrús nó tráchearraí bunaithe ar urrúis nó ar thráchtearraí;

(iii) idirbhearta iasachtaithe corrlaigh bunaithe ar urrúis nó ar thráchtearraí;

(iv) idirbhearta socraíochta iarchurtha.

▼C2

4. Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas nuair a bheidh an méid iomlán risíochta priacail dá dtagraítear i mír 3 á ríomh:

▼B

(a) áireofar sna ceanglais cistí dílse dá dtagraítear i bpointí (c), (d) agus(e) den mhír sin na ceanglais sin a thig ó ghníomhaíochtaí gnó uile institiúide;

(b) déanfaidh institiúidí na ceanglais cistí dílse atá leagtha amach i bpointí (b) go (e) den mhír sin a iolrú faoi 12,5.

▼M8

*Airteagal 92a*

**Ceanglais ar G-SIInna maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe**

▼C7

1. Faoi réir Airteagail 93 agus 94 agus na n-eisceachtaí a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo, comhlíonfaidh na hinstitiúidí a shainaithnítear mar eintitis réitigh agus ar eintitis G-SII iad na ceanglais seo a leanas i gcónaí maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe:

▼M8

(a) cóimheas priacalbhunaithe 18 %, a bhaineann le cistí dílse agus dliteanais incháilithe na hinstitiúide arna sloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 92(3) agus (4);

(b) cóimheas 6.75 % nach cóimheas priacalbhunaithe é, a bhaineann le cistí dílse agus dliteanais incháilithe na hinstitiúide arna sloinneadh mar chéatadán den tomhas iomlán risíochta dá dtagraítear in Airteagal 492(4).

2. Ní bheidh feidhm leis na ceanglais a leagtar síos i mír 1 sna cásanna seo a leanas:

(a) faoi cheann thrí bliana i ndiaidh an dáta ar sainaithníodh an institiúid nó an grúpa ar cuid den institiúid é mar G-SII;

(b) faoi cheann dhá bhliain tar éis an dáta ar chuir an t-údarás réitigh an uirlis díluachála fiachais i bhfeidhm i gcomhréir le Treoir 2014/59/EU;

(c) faoi cheann an dá bhliain tar éis an dáta ar chuir an t-eintiteas réitigh beart malartach ón earnáil phríobháideach i bhfeidhm dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 32(1) de Threoir 2014/59/EU lena ndearnadh ionstraimí caipitil agus dliteanais eile a dhíluacháil nó a chomhshó ina n-ítimí de Ghnáthchothromas Leibhéal 1 chun an t-eintiteas réitigh a athchaipitliú gan uirlisí réitigh a chur i bhfeidhm.

▼M15

▼M8

*Airteagal 92b*

**Ceanglais ar G-SIInna neamh-AE maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe**

1. Comhlíonfaidh institiúidí ar fochuideachtaí ábhartha iad de G-SIInna neamh-AE agus nach eintitis réitigh iad ceanglais i gcónaí maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe ar comhionann iad agus 90 % de na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe a leagtar síos in Airteagal 92a.

2. Ar mhaithe le mír 1 a chomhlíonadh, ní chuirfear ionstraimí breise Leibhéal 1, Leibhéal 2 agus ionstraimí dliteanas incháilithe san áireamh ach i gcás gur le máthairghnóthas deiridh G-SII neamh-AE iad agus gur eisíodh iad, go díreach nó go hindíreach, trí eintitis eile sa ghrúpa céanna, ar choinníoll go bhfuil na heintitis sin go léir bunaithe sa tríú tír céanna is atá an máthairghnóthas deiridh nó i mBallstát.

3. Ní chuirfear aon ionstraim dliteanas incháilithe san áireamh chun mír 1 a chomhlíonadh ach amháin i gcás ina gcomhlíonfaidh sí gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) i gcás gnáthimeachtaí dócmhainneachta mar a shainmhínítear i bpointe (47) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2014/59/AE, beidh an t-éileamh a eascróidh ón dliteanas rangaithe faoi bhun na n-éileamh a thiocfaidh as dliteanais nach gcomhlíonfaidh na coinníollach a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo nach bhfuil incháilithe mar ionstraimí cistí dílse;

(b) tá sí faoi réir na gcumhachtaí díluachála nó comhshó i gcomhréir le hAirteagal 59 go hAirteagal 61 de Threoir 2014/59/AE.

▼B

*Airteagal 93*

**Ceanglas caipitil tosaigh ar ghnóthas leantach**

1. Ní fhéadfaidh cistí dílse institiúide titim faoin méid caipitil tosaigh arna cheangal tráth a údaraithe.

2. Maidir le hinstitiúidí creidmheasa a bhí ar an bhfód cheana féin an 1 Eanáir 1993, nach mbaineann méid a gcuid cistí dílse amach an méid caipitil tosaigh arna cheangal, féadfaidh siad leanúint dá gcuid gníomhaíochtaí. Sa chás sin, ní fhéadfaidh méid chistí dílse na n-institiúidí sin titim faoin leibhéal is airde a baineadh amach le héifeacht ón 22 Nollaig 1989.

▼M9

__________

4. I gcás ina dtiocfaidh institiúid atá laistigh den chatagóir dá dtagraítear i mír 2 faoi rialú duine nádúrtha nó dhlítheanaigh nach é an duine é a raibh an institiúid faoina rialú roimhe sin, bainfidh méid chistí dílse na hinstitiúide sin amach an méid caipitil tosaigh a ceangaltear.

▼M9

5. I gcás cumasc dhá institiúid nó níos mó atá laistigh den chatagóir dá dtagraítear i mír 2, ní thitfidh méid chistí dílse na hinstitiúide a thiocfaidh as an gcumasc sin faoi bhun chistí dílse iomlána na n-institiúidí cumaiscthe tráth an chumaisc, fad is nach bhfuil méid an chaipitil tosaigh a cheanglaítear bainte amach.

6. I gcás ina measfaidh na húdaráis inniúla gur gá an ceanglas a leagtar síos i mír 1 a chomhlíonadh chun sócmhainneacht institiúide a áirithiú, ní bheidh feidhm ag na forálacha a leagtar síos i míreanna 2, 4 agus 5.

▼M8

*Airteagal 94*

**Maolú do ghnó beag a bhaineann leis an leabhar trádála**

1. De mhaolú ar phointe (b) d'Airteagal 92(3), féadfaidh institiúidí an ceanglas maidir le cistí dílse a ngnó a bhaineann leis an leabhar trádála a ríomh i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo ar choinníoll gur lú méid gnó na n-institiúidí a bhaineann leis an leabhar trádála laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe ná an dá thairseach seo a leanas, nó go mbeidh siad cothrom leo, ar bhonn measúnú a dhéanfar orthu go míosúil agus na sonraí ón lá deireanach den mhí á n-úsáid:

(a) 5 % de shócmhainní iomlána na hinstitiúide;

(b) EUR 50 milliún.

2. I gcás ina gcomhlíonfar an dá choinníoll a leagtar amach i bpointí (a) agus (b) de mhír 1, féadfaidh institiúidí an ceanglas maidir le cistí dílse a ngnó a bhaineann leis an leabhar trádála a ríomh mar seo a leanas:

(a) maidir leis na conarthaí a liostaítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn II, ar conarthaí iad a bhaineann le cothromais dá dtagraítear i bpointe 3 den ' Iarscríbhinn sin agus díorthaigh chreidmheasa, féadfaidh institiúidí na suíomhanna sin a dhíolmhú ón gceanglas maidir le cistí dílse dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 92(3);

(b) maidir le suíomhanna leabhair trádála, seachas iad siúd dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo, féadfaidh institiúidí an ceanglas a ríomhfar i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 92(3) a chur in ionad an cheanglais maidir le cistí dílse dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 92(3).

3. Déanfaidh institiúidí méid an ghnó leabhair trádála atá acu laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe a ríomh bunaithe ar shonraí ón lá deireanach de gach mí chun críocha mhír 1 i gcomhréir leis na ceanglais seo a leanas:

(a) beidh na suíomhanna uile a shannfar don leabhar trádála i gcomhréir le hAirteagal 104 ar áireamh sa ríomh seachas sna cásanna seo a leanas:

   (i) suíomhanna a bhaineann le malairt eachtrach agus tráchtearraí;

   (ii) suíomhanna i ndíorthaigh chreidmheasa a aithnítear mar fháluithe inmheánacha ar risíochtaí leabhair neamhthrádála ar phriacal creidmheasa nó risíochtaí ar phriacal contrapháirtí agus na hidirbhearta díorthaigh chreidmheasa a fhritháiríonn go hiomlán priacal margaidh na bhfáluithe inmheánacha sin dá dtagraítear in Airteagal 106(3);

▼M8

(b) déanfar gach suíomh a áireofar sa ríomh i gcomhréir le pointe (a) a luacháil ag a margadhluach ar an dáta áirithe sin, i gcás nach mbeidh margadhluach suímh ar fáil ar dháta áirithe, tógfaidh institiúidí luach cóir don suíomh ar an dáta sin; i gcás nach mbeidh margadhluach ná an luach cóir ar shuíomh ar fáil ar dháta áirithe, tógfaidh institiúidí an margadhluach nó an luach cóir is déanaí don suíomh sin;

(c) déanfar luach absalóideach suíomhanna fada agus luach absalóideach suíomhanna gearra a shuimiú le chéile.

4. I gcás ina gcomhlíonfar an dá choinníoll a leagtar amach i bpointí (a) agus (b) de mhír 1 den Airteagal seo, beag beann ar na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagail 74 agus 83 de Threoir 2013/36/AE, ní bheidh feidhm ag Airteagal 102(3) agus (4) ná ag Airteagail 103 ná 104b den Rialachán seo.

5. Tabharfaidh institiúidí fógra do na húdaráis inniúla nuair a ríomhfaidh siad ceanglais cistí dílse á ngnó a bhaineann leis an leabhar trádála, nó nuair a scoirfidh siad dá ríomh, i gcomhréir le mír 2.

6. Institiúid nach gcomhlíonfaidh a thuilleadh ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 tabharfaidh sí fógra ina leith don údarás inniúil gan mhoill.

7. Scoirfidh institiúid de cheanglais cistí dílse a gnó a bhaineann leis an leabhar trádála a ríomh i gcomhréir le mír 2 laistigh de thrí mhí tar éis do cheann amháin de na cásanna seo a leanas tarlú:

(a) ní chomhlíonfaidh na hinstitiúidí na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (a) nó (b) de mhír 1 ar feadh trí mhí as a chéile;

(b) ní chomhlíonfaidh an institiúid na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (a) nó i bpointe (b) de mhír 1 ar feadh níos mó ná 6 mhí de na 12 mhí dheireanacha.

8. I gcás inar scoir institiúid de cheanglais cistí dílse a gnó a bhaineann leis an leabhar trádála atá aici a ríomh i gcomhréir leis an Airteagal seo, ní cheadófar di ceanglais cistí dílse a gnó a bhaineann leis an leabhar trádála a ríomh i gcomhréir leis an Airteagal seo ach amháin i gcás ina léireoidh sí don údarás inniúil gur comhlíonadh na coinníollacha go léir a leagtar amach i mír 1 ar feadh bliain iomlán gan bhriseadh.

9. Ní thiocfaidh institiúidí i suíomh leabhair trádála ná ní dhéanfaidh sí suíomh leabhair trádála a cheannach ná a dhíol nach mbeidh de chríoch acu ach aon cheann de na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 a chomhlíonadh i rith an mheasúnaithe mhíosúil.

▼B

Roinn 2

## Ceanglais cistí dílse i gcomhair gnólachtaí infheistíochta a bhfuil údarú teoranta acu seirbhísí infheistíochta a sholáthar

*Airteagal 95*

### Ceanglais cistí dílse i gcomhair gnólachtaí infheistíochta a bhfuil údarú teoranta acu seirbhísí infheistíochta a sholáthar

1. Chun críocha Airteagal 92(3), déanfaidh gnólachtaí infheistíochta nach bhfuil údaraithe na seirbhísí infheistíochta agus na gníomhartha atá liostaithe i bpointí (3) agus (6) de Roinn A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/39/CE a sholáthar an ríomh ar mhéid iomlán na risíochta ar priacal atá sonraithe i mír 2 a úsáid.

2. Déanfaidh na gnólachtaí infheistíochta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus gnólachtaí dá dtagraítear i bpointe (c) de phointe (2) d'Airteagal 4(1) a chuireann na seirbhísí infheistíochta agus na gníomhaíochtaí a liostáitear i bpointe (2) agus i bpointe (4) de Roinn A d'Iarscríbhinn 1 de Threoir 2004/39/CE méid iomlán na risíochta ar priacal a ríomh mar a bheith níos airde ná an méid a leanas:

(a) méid na n-ítimí dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) agus (f) d'Airteagal 92(3) tar éis d'Airteagal 92(4) a chur i bhfeidhm;

(b) 12,5 iolraithe faoin méid atá sonraithe in Airteagal 97.

Déanfaidh na gnólachtaí dá dtagraítear i bpointe (c) de phointe (2) d'Airteagal 4(1) a chuireann na seirbhísí infheistíochta agus na gníomhaíochtaí atá liostaithe i bpointe (2) agus i bpointe (4) de Roinn A d'Iarscríbhinn 1 de Threoir 2004/39/CE na ceanglais atá in Airteagal 92(1) agus (2) a chomhlíonadh, bunaithe ar mhéid iomlán na risíochta ar priacal dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

Féadfaidh údaráis inniúla na ceanglais cistí dílse le haghaidh gnólachtaí dá dtagraítear i bpointe (c) de phointe (2) d'Airteagal 4(1) lena bhforáiltear go mbeidh na seirbhísí infheistíochta agus na gníomhaíochta atá liostaithe in uimhir (2) agus (4) de Roinn A d'Iarscríbhinn 1 de Threoir 2004/39/CE mar na ceanglais cistí dílse a cheanglófar ar na gnólachtaí sin i gcomhréir leis na bearta náisiúnta trasuímh a bheidh i bhfeidhm an 31 Nollaig 2013 le haghaidh Threoir 2006/49/CE agus Threoir 2006/48/CE.

▼C2

3. Tá gnólachtaí infheistíochta dá dtagraítear i mír 1 faoi réir ag gach foráil eile maidir le priacal oibriúcháin atá leagtha amach i dTeideal VII, Caibidil 2, Roinn II, Foroinn 2 de Threoir 2013/36/AE.

▼B

*Airteagal 96*

### Ceanglais cistí dílse i gcomhair gnólachtaí infheistíochta ina sealbhaítear caipiteal tosaigh mar atá leagtha amach in Airteagal 28(2) de Threoir 36 (AE)2013

1. Chun críocha Airteagal 92(3), úsáidfidh na catagóirí seo a leanas de ghnólachtaí infheistíochta ina sealbhaítear caipiteal tosaigh i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Threoir 2013/36/AE an ríomh maidir le méid iomlán na risíochta ar priacal atá sonraithe i mír 2 den Airteagal seo:

▼B

(a) gnólachtaí infheistíochta a dhéileálann ar a gcuntas féin amháin ar mhaithe le hordú cliaint a chomhlíonadh nó a chur i bhfeidhm nó ar mhaithe le dul isteach i gcóras socraíochta agus imréitigh nó i malartán aitheanta nuair a bheidh siad ag gníomhú i gcáil gníomhaireachta nó ag cur ordú cliaint i bhfeidhm;

(b) gnólachtaí infheistíochta a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas uile:

(i) nach bhfuil airgead nó urrúis cliant ina seilbh;

(ii) a ghabhann de dhéileáil ar a gcuntas féin amháin;

(iii) nach bhfuil aon chustaiméirí seachtracha acu;

(iv) a ndéantar feidhmiú agus socrú na n-idirbheart sin ina leith faoi chúram institiúide imréitigh agus atá ráthaithe ag an institiúid imréitigh sin.

2. Maidir le gnólachtaí infheistíochta dá dtagraítear i mír 1, ríomhfar méid iomlán na risíochta ar priacal mar shuim na nithe seo a leanas:

(a) pointí (a) go (d) agus (f) d'Airteagal 92(3) tar éis Airteagal 92(4) a chur i bhfeidhm;

(b) an méid dá dtagraítear in Airteagal 97 a iolrú faoi 12,5.

3. Tá gnólachtaí infheistíochta dá dtagraítear i mír 1 faoi réir gach foráil eile maidir le priacal oibriúcháin atá leagtha amach i dTeideal VII, Caibidil 3, Roinn II, Foroinn 1 de Threoir 2013/36/AE.

*Airteagal 97*

**Cistí dílse bunaithe ar Fhorchostais Sheasta**

1. I gcomhréir le hAirteagal 95 agus le hAirteagal 96, déanfaidh gnólacht infheistíochta agus gnólachtaí dá dtagraítear i bpointe (c) de phointe (2) d'Airteagal 4(1) lena bhforáiltear na seirbhísí infheistíochta agus na gníomhaíochtaí atá liostaithe ibpointe (2) agus pointe (4) de Roinn A d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Treoir 2004/39/CE caipiteal incháilithe a shealbhú d'aon cheathrú ar a laghad d'fhorchostais na bliana roimhe sin.

2. I gcás ina dtagann athrú ar ghnó gnólachta infheistíochta ón mbliain roimhe sin agus ina measann an t-údarás inniúil go bhfuil sé ábhartha, féadfaidh an t-údarás inniúil coigeartú a dhéanamh ar an gceanglas atá leagtha amach i mír 1.

3. I gcás nach bhfuil gnó curtha i gcrích ag gnólacht infheistíochta ar feadh bliana amháin, ag tosú ar an lá a dtosaíonn an gnó, sealbhóidh gnólacht infheistíochta caipiteal incháilithe d'aon cheathrú ar a laghad de na forchostais sheasta atá réamh-mheasta ina phlean gnó, cé is moite de chás ina gceanglaíonn an t-údarás inniúil an plean gnó a choigeartú.

4. Forbróidh an ÚBE, i gcomhairle leis an ÚEÚM, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn an méid seo a leanas a shonrú ar bhealach níos mionsonraithe:

▼B

(a) ríomh an cheanglais caipiteal incháilithe d'aon cheathrú ar a laghad d'fhorchostais sheasta na bliana roimhe sin a shealbhú;

(b) na coinníollacha ina ndéanfaidh an t-údarás inniúil coigeartú ar an gceanglas caipiteal incháilithe d'aon cheathrú ar a laghad d'fhorchostais na bliana roimhe sin a shealbhú;

(c) forchostais sheasta réamh-mheasta a ríomh i gcás gnólachta infheistíochta nár chuir aon ghnó i gcrích ar feadh bliana amháin.

Cuirfidh an ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Márta 2014.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 98*

**Cistí dílse do ghnólachtaí infheistíochta ar bhonn comhdhlúite**

1. I gcás gnólachtaí infheistíochta dá dtagraítear in Airteagal 95(1) i ngrúpa, i gcás nach n-áirítear institiúidí creidmheasa sa ghrúpa sin, cuirfidh máthairghnólacht infheistíochta i mBallstát Airteagal 92 i bhfeidhm ag leibhéal comhdhlúite mar seo a leanas:

(a) úsáidfidh sé an ríomh ar mhéid iomlán na risíochta ar priacal atá sonraithe in Airteagal 95(2);

(b) cistí dílse arna ríomh ar bhonn staid chomhdhlúite an mháthairghnólachta infheistíochta, na cuideachta sealbhaíochta airgeadais nó na cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha, de réir mar is infheidhme.

2. I gcás gnólachtaí infheistíochta dá dtagraítear in Airteagal 96(1) i ngrúpa, i gcás nach n-áirítear institiúidí creidmheasa sa ghrúpa sin, cuirfidh máthairghnólacht infheistíochta i mBallstát agus gnólacht infheistíochta arna rialú ag cuideachta shealbhaíochta airgeadais nó ag cuideachta sealbhaíochta airgeadais measctha Airteagal 92 i bhfeidhm ar bhonn comhdhlúite mar seo a leanas:

(a) úsáidfidh sé an ríomh ar mhéid iomlán na risíochta ar priacal atá sonraithe in Airteagal 96(2);

(b) úsáidfidh sé cistí dílse arna ríomh ar bhonn staid chomhdhlúite an mháthairghnólachta infheistíochta nó staid na cuideachta sealbhaíochta airgeadais nó staid na cuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha, de réir mar is infheidhme, agus Caibidil 2 de Theideal II de Chuid a hAon á chomhlíonadh go hiomlán.

▼M8

————

▼B

*CAIBIDIL 3*

***Leabhar trádála***

*Airteagal 102*

**Ceanglais maidir leis an Leabhar Trádála**

1. Beidh na suímh sa leabhar trádála saor ó shrianta ar a gcumas trádála nó beifear in ann iad a fhálú.

▼M8

2. Beidh fianaise ann ar intinn trádála ar bhonn na straitéisí, na mbeartas agus na nósanna imeachta arna mbunú ag an institiúid chun an suíomh nó an phunann a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagail 103, 104 agus 104a.

3. Déanfaidh institiúidí córais agus rialuithe a bhunú agus a choimeád ar bun lena leabhar trádála a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagal 103.

4. Chun críocha na gceanglas tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 430b(3), sannfar suíomhanna leabhair trádála do dheasca trádála arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 104b.

5. Beidh suíomhanna sa leabhar trádála faoi réir na gceanglas maidir le luacháil stuama a shonraítear in Airteagal 105.

6. Déanfaidh institiúidí fálú inmheánach a láimhseáil i gcomhréir le hAirteagal 106.

*Airteagal 103*

**An leabhar trádála a bhainistiú**

1. Beidh beartais agus nósanna imeachta a bheidh sainmhínithe go soiléir i bhfeidhm ag institiúidí maidir le bainistiú foriomlán an leabhair trádála. Rachaidh na beartais agus na nósanna imeachta sin i ngleic leis na nithe seo a leanas ar a laghad:

(a) na gníomhaíochtaí a mheasann an institiúid gur gníomhaíochtaí trádála iad agus gur cuid den leabhar trádála iad chun críocha ceanglas cistí dílse;

(b) a mhéid is féidir suíomh a mharcáil go laethúil ón margadh trí thagairt a dhéanamh do mhargadh dhá-threo leachtach, gníomhach;

(c) maidir le suíomhanna atá marcáilte de réir samhla, an méid is féidir leis an institiúid na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(i) priacail ábhartha uile an tsuímh a shainaithint;

(ii) priacail ábhartha uile an tsuímh a fhálú le hionstraimí a bhfuil margadh dhá threo leachtach, gníomhach ann ina leith;

(iii) meastacháin iontaofa a dhíorthú do na príomhthoimhdí agus do na paraiméadair a úsáidtear sa tsamhail;

(d) a mhéid is féidir leis an institiúid, agus a mhéid a cheanglaítear uirthi, luachálacha a ghiniúint don suíomh, luachálacha is féidir a bhailíochtú go seachtrach agus go comhleanúnach;

▼M8

(e) a mhéid a chuirfeadh srianta dlí nó ceanglais oibriúcháin eile bac ar chumas na hinstitiúide an suíomh a leachtú nó a fhálú go gearrthéarmach;

(f) a mhéid is féidir leis an institiúid, agus a mhéid a cheanglaítear uirthi, priacail na suíomhanna laistigh dá hoibríocht trádála a bhainistiú;

(g) a mhéid a fhéadfaidh an institiúid priacal nó suíomhanna a athaicmiú idir na leabhair neamhthrádála agus na leabhair thrádála agus na ceanglais maidir leis na hathaicmithe sin dá dtagraítear in Airteagal 104a.

2. Agus í ag bainistiú a cuid suíomhanna nó a punanna suíomhanna sa leabhar trádála, comhlíonfaidh an institiúid na ceanglais seo a leanas ar fad:

(a) beidh straitéis trádála a bheidh doiciméadaithe go soiléir, agus formheasta ag an mbainistíocht shinsearach, i bhfeidhm ag an institiúid don suíomh nó do na punanna sa leabhar trádála, agus áireofar an tréimhse shealbhaíochta ionchasach ann;

(b) beidh beartais agus nósanna imeachta a bheidh sainmhínithe go soiléir i bhfeidhm ag an institiúid d'fhonn bainistíocht ghníomhach a dhéanamh ar shuíomhanna nó ar phunanna sa leabhar trádála; áireofar na nithe seo a leanas sna beartais agus sna nósanna imeachta sin:

(i) cé na suíomhanna nó na punanna ar féidir le gach deasc trádála nó, de réir mar a bheidh, déileálaithe ainmnithe dul isteach iontu;

(ii) teorainneacha suímh a shocrú agus faireachán a dhéanamh orthu féachaint cé chomh hoiriúnach is atá siad;

(iii) áiritheofar go mbeidh an uathriail ag déileálaithe dul isteach i suíomh agus é a bhainistiú laistigh de theorainneacha a bheidh comhaontaithe agus de réir na straitéise formheasta;

(iv) áiritheofar go dtuairisceofar suíomhanna don bhainistíocht shinsearach mar chuid lárnach de phróiseas bainistithe priacail na hinstitiúide;

(v) áiritheofar go ndéanfar faireachán gníomhach ar shuíomhanna agus tabharfar aird ar fhoinsí faisnéise an mhargaidh agus ar mheasúnú a dhéanfar ar an gcumas an suíomh, nó na priacail chomhpháirte a bhaineann leis, a mhargú nó a fhálú, lena n-áirítear measúnú, cáilíocht agus infhaighteacht ionchuir an mhargaidh sa phróiseas luachála, leibhéal láimhdeachais an mhargaidh, méideanna na suíomh a dhéantar a thrádáil ar an margadh;

(vi) nósanna imeachta agus rialuithe gníomhacha frithchalaoise;

(c) beidh beartais agus nósanna imeachta a bheidh sainmhínithe go soiléir i bhfeidhm ag an institiúid chun faireachán a dhéanamh ar na suíomhanna i gcomparáid le straitéis trádála na hinstitiúide lena n-áirítear faireachán ar láimhdeachas agus ar shuíomhanna ar saraíodh an tréimhse shealbhaíochta a bhí i gceist leo ag an tús ina leith.

▼B

*Airteagal 104*

**Áireamh sa Leabhar Trádála**

1. Beidh beartais agus nósanna imeachta a bheidh sainmhínithe go soiléir i bhfeidhm ag institiúidí chun cinneadh a dhéanamh cén suíomh a áireofar sa leabhar trádála ar mhaithe lena gceanglais cistí dílse a ríomh, i gcomhréir leis na ceanglais atá leagtha amach in Airteagal 102 agus an sainmhíniú ar leabhar trádála i gcomhréir le pointe (86)

▼B

den Airteagal 4(1)), agus cuirfidh siad inniúlachtaí agus cleachtais bainistíochta priacal na hinstitiúide san áireamh. Tabharfaidh an institiúid doiciméadú iomlán ar cé mar atá sí ag comhlíonadh na mbeartas agus na nósanna imeachta sin agus déanfaidh sí iniúchadh inmheánach tréimhsiúil orthu.

▼M8

---

*Airteagal 104b*

**Ceanglais le haghaidh na deisce trádála**

1. Chun críocha na gceanglas tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 430b(3), bunóidh institiúidí deasca trádála agus sannfaidh siad gach suíomh leabhair trádála acu do cheann de na deasca trádála sin. Ní shannfar suíomhanna leabhair trádála don deasc trádála chéanna ach amháin i gcás ina gcomhlíonfaidh siad an straitéis ghnó a comhaontaíodh le haghaidh na deisce trádála agus i gcás ina ndéanfar bainistiú agus faireachán go comhsheasmhach orthu i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo.

2. Comhlíonfaidh deasca trádála na n-institiúidí na ceanglais seo a leanas i gcónaí:

(a) beidh ag gach deasc trádála straitéis ghnó atá soiléir sainiúil agus struchtúr bainistithe priacail atá oiriúnach dá straitéis ghnó;

(b) beidh ag gach deasc trádála struchtúr soiléir eagrúcháin; déanfaidh déileálaithe ainmnithe de chuid na hinstitiúide na suíomhanna in aon deasc trádála ar leith a bhainistiú; beidh a shainfheidhmeanna féin ag gach déileálaí i dtaca leis an deasc trádála; ní shannfar d'aon deasc trádála ar leith ach an t-aon déileálaí amháin;

(c) socrófar teorainneacha suímh laistigh de gach deasc trádála de réir straitéis gnó na deisce trádála sin;

(d) déanfar tuarascálacha ar na gníomhaíochtaí, ar an mbrabúsacht, ar an mbainistiú priacail agus ar na ceanglais rialála ar leibhéal na deisce trádála a sholáthar ar bhonn seachtainiúil ar a laghad agus cuirfear iad in iúl don chomhlacht bainistíochta ar bhonn rialta;

(e) beidh plean gnó bliantúil soiléir ag gach deasc trádála lena n-áireofar beartas dea-shainithe luacha saothair bunaithe ar chritéir fhónta a úsáidtear chun feidhmíocht a thomhas;

(f) ullmhófar tuarascálacha maidir le suíomhanna a aibíonn go laethúil, sáruithe teorann trádála ionlae agus laethúla agus gníomhaíochtaí a dhéanann an institiúid chun aghaidh a thabhairt ar na sáruithe sin, chomh maith le measúnú ar leachtacht an mhargaidh le haghaidh gach deisce trádála ar bhonn míosúil agus cuirfear ar fáil do na húdaráis inniúla iad.

3. De mhaolú ar phointe (b) de mhír 2, féadfaidh institiúid déileálaí a shannadh do níos mó ná aon deasc trádála amháin ar choinníoll go léiríonn an institiúid, chun sástachta a húdaráis inniúil, go ndearnadh an sannadh de bharr cúinsí gnó nó acmhainní eile agus go gcaomhnóidh an sannadh na ceanglais cháilíochtúla eile a leagtar amach san Airteagail seo is infheidhme i ndáil le déileálaithe agus le deasca trádála.

4. Tabharfaidh na hinstitiúidí fógra do na húdaráis inniúla faoin gcaoi a gcomhlíonfaidh siad mír 2. Féadfaidh na húdaráis inniúla a chur de cheangal ar institiúid struchtúr nó eagrú a deasc trádála a athrú le go mbeidh siad i gcomhréir leis an Airteagal seo.

▼B

*Airteagal 105*

**Ceanglas maidir le Luacháil Stuama**

▼M8

1. Beidh gach suíomh leabhair trádála agus gach suíomh leabhair neamhthrádála arna dtomhas ar luach cóir faoi réir na gcaighdeán maidir le luacháil stuama a shonraítear san Airteagal seo. Áiritheoidh institiúidí go háirithe go mbainfidh an luacháil stuama a dhéanfar ar a gcuid suíomhanna leabhair trádála leibhéal cinnteachta iomchuí amach ag féachaint don mhianach dinimiciúil a bhaineann le suíomhanna leabhair trádála agus suíomhanna leabhair neamhthrádála arna dtomhas ar luach cóir, na héilimh a bhaineann le fóntacht stuamachta agus an modh oibríochta agus cuspóir na riachtanas caipitil maidir le suíomhanna leabhair trádála agus suíomhanna leabhair neamhthrádála arna dtomhas ar luach cóir.

▼B

2. Déanfaidh institiúidí córais agus rialuithe a bheidh leordhóthanach chun meastacháin luachála stuama agus iontaofa a sholáthar a bhunú agus a choimeád ar bun. Áireofar na gnéithe seo a leanas ar a laghad sna córais agus sna rialuithe sin:

(a) beartais agus nósanna imeachta doiciméadaithe don phróiseas luachála, lena n-áirítear freagrachtaí a bheidh sainmhínithe go soiléir maidir leis na réimsí éagsúla a bhaineann leis an luacháil a chinneadh, foinsí faisnéise an mhargaidh agus athbhreithniú ar cé chomh hoiriúnach is atá siad, treoirlínte maidir le hionchuir dhobhraite a úsáid, a léiríonn toimhdí na hinstitiúide maidir le cad a d'úsáidfeadh rannpháirtithe sa mhargadh agus an suíomh á phraghsáil acu, minicíocht na luachála neamhspleáiche, uainiú na bpraghsanna scoir, nósanna imeachta chun luachálacha a choigeartú, nósanna imeachta fíorúcháin ad-hoc agus deireadh míosa;

▼C2

(b) línte tuairiscithe don roinn a bheidh freagrach as an bpróiseas luachála a bheidh soiléir agus neamhspleách ón oifig thosaigh, ar línte chuig an gcomhlacht bainistíochta a bheidh iontu sa deireadh.

▼M8

3. Déanfaidh institiúidí athluacháil ar shuíomhanna leabhair trádála ar luach cóir ar bhonn laethúil ar a laghad. Déanfar athruithe ar luach na suíomhanna sin a thuairisciú mar chuid de chuntas brabúis agus caillteanais na hinstitiúide.

4. Marcálfaidh institiúidí a gcuid suíomhanna leabhair trádála agus suíomhanna leabhair neamhthrádála arna dtomhas ar luach cóir, nuair is féidir sin, lena n-áirítear nuair a bheidh an láimhseáil caipitil ábhartha á cur i bhfeidhm acu ar na suíomhanna sin.

▼B

5. Nuair a dhéanfar marcáil ón margadh, ní bhainfidh institiúid leas as an taobh is stuama de thairiscint agus atairscint ach amháin sa chás gur féidir léi an cuntas a ghlanadh sa mheánmhargadh. I gcás ina mbaineann institiúidí leas as an maolú seo, tabharfaidh siad faisnéis gach sé mhí dá n-údaráis inniúla faoi na suímh lena mbaineann agus fianaise a chur ar fáil gur féidir léi an cuntas a ghlanadh sa mheánmhargadh.

▼M8

6. Nuair nach féidir marcáil ón margadh a dhéanamh, déanfaidh institiúidí marcáil choimeádach de réir samhla a fháil dá suíomhanna agus dá bpunanna, lena n-áirítear nuair a bheidh ceanglais cistí dílse á ríomh le haghaidh suíomhanna leabhair trádála agus suíomhanna leabhair neamhthrádála arna dtomhas ar luach cóir.

▼B

7. Comhlíonfaidh institiúidí na ceanglais seo a leanas nuair a bheidh siad ag marcáil de réir samhla:

(a) beidh eolas ag an lucht bainistíochta sinsearaí ar na gnéithe den leabhar trádála nó de shuímh eile a bhfuil luach cóir ag gabháil leo agus atá faoi réir ag marcáil de réir samhla agus tuigfidh siad ábharthacht na neamhchinnteachta a chruthófar leis sin sa tuairisciú ar an bpriacal /ar fheidhmíocht an ghnó;

(b) déanfaidh institiúidí na hionchuir mhargaidh a fhoinsiú, nuair is féidir, i gcomhréir le praghsanna an mhargaidh, agus déanfaidh siad measúnú ar cé chomh hoiriúnach is atá ionchuir mhargaidh an tsuímh áirithe a bhfuil luach á chur air agus ar pharaiméadair na samhla agus déanfar é sin go minic;

(c) nuair a bheidh fáil orthu, bainfidh institiúidí úsáid as modheolaíochtaí luachála atá glactha mar chleachtas ar an margadh i gcás ionstraimí nó tráchtearraí airgeadais áirithe;

(d) i gcás gurb í an institiúid féin a fhorbraíonn an tsamhail, beidh sí bunaithe ar thoimhdí iomchuí, a bhfuil measúnú déanta orthu agus a bhfuil a ndúshlán tugtha ag páirtithe atá cáilithe go cuí agus atá neamhspleách ar an bpróiseas forbartha;

(e) beidh nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm ag institiúidí chun athruithe a rialú agus beidh cóip shlán den tsamhail ina seilbh acu agus úsáidfear í go tréimhsiúil chun luachálacha a sheiceáil;

(f) tabharfar faoi deara i mbainistíocht priacal na laigeachtaí atá ag na samhlacha atá in úsáid agus conas is féidir na laigeachtaí sin a léiriú san aschur luachála; agus

(g) beidh samhlacha institiúidí faoi réir ag athbhreithniú tréimhsiúil chun cruinneas a bhfeidhmíochta a chinneadh, agus áireofar leis sin measúnú ar cé chomh hoiriúnach is atá na toimhdí ar bhonn leanúnach, anailís ar bhrabús agus ar chaillteanas i gcoinne fachtóirí priacail, luachanna glanta cuntais iarbhír a chur i gcomparáid le haschuir na samhla.

▼M8

Chun críocha phointe (d) den chéad fhomhír, ceapfar nó formheasfar an tsamhail go neamhspleách ar na deasca trádála agus déanfar tástáil neamhspleách uirthi, lena n-áirítear bailíochtú ar an matamaitic, ar na toimhdí agus ar chur chun feidhme na mbogearraí.

▼B

8. Déanfaidh institiúidí fíorú neamhspleách ar phraghsanna anuas ar mharcáil laethúil ón margadh nó marcáil de réir samhla. Déanfaidh duine nó aonad a bheidh neamhspleách ar dhaoine nó ar aonaid a fhaigheann buntáiste ón leabhar trádála fíorú ar phraghsanna an mhargaidh agus ar ionchuir na samhla, agus déanfar é sin uair amháin sa mhí ar a laghad, nó níos minice ag brath ar an gcineál margaidh nó gníomhaíochta trádála. I gcás nach bhfuil foinsí praghsála neamhspleácha ar fáil nó go bhfuil foinsí praghsála níos suibiachtúla, féadfaidh bearta stuama amhail coigeartuithe ar an luacháil níos oiriúnaí.

9. Déanfaidh institiúidí nósanna imeachta chun coigeartuithe ar luachálacha a bhreithniú a bhunú agus a choimeád ar bun.

10. Breithneoidh institiúidí go foirmiúil na coigeartuithe seo a leanas ar luacháil: raonta difríochta creidmheasa neamhthuillte, costais ghlanta cuntais, priacail oibriúcháin, neamhchinnteacht phraghas an mhargaidh, luathfhoirceannadh, costais infheistíochta agus chistithe, costais riaracháin todhchaí agus, nuair is ábhartha, priacal de bharr samhaltaithe.

▼B

11. Déanfaidh institiúidí nósanna imeachta chun coigeartú don luacháil reatha ar aon suímh bheagleachtacha a ríomh a bhunú agus a choimeád ar bun, ar suímh iad ar féidir leo go háirithe teacht ó theagmhais ar an margadh nó cásanna a bhaineann le hinstitiúid amhail suímh chomhchruinnithe agus/nó suímh a bhfuil an tréimhse shealbhaíochta a bhí leagtha amach dóibh ag an tús sáraithe. Déanfaidh institiúidí, más gá, coigeartuithe den sórt sin anuas ar aon athruithe ar luach an tsuímh a bheidh riachtanach chun críocha tuairiscithe airgeadais agus dearfar coigeartuithe den sórt sin mar léiriú ar neamhleachtacht an tsuímh. Faoi na nósanna imeachta sin, breithneoidh institiúidí roinnt fachtóirí nuair a bheifear ag cinneadh an bhfuil gá le coigeartú luachála ar shuímh bheagleachtacha. Áirítear leis na fachtóirí sin:

▼M8

(a) an méid breise ama a thógfadh sé an suíomh nó na priacail laistigh den suíomh sin a fhálú amach i ndiaidh na dtréimhsí leachtachta a sannadh d'fhachtóirí priacail an tsuímh i gcomhréir le hAirteagal 325bd;

▼B

(b) luaineacht agus meán raonta difríochta tairisceana/atairisceana;

(c) infhaighteacht na gcuótaí margaidh (líon agus céannacht na gcruthaitheoirí margaidh) agus luaineacht agus meán na méideanna trádála lena n-áirítear méideanna trádála le linn tréimhsí struis sa mhargadh;

(d) comhdhlúthacht an mhargaidh;

(e) aosú na suíomh;

(f) a mhéid a bhíonn luacháil ag brath ar mharcáil de réir samhla;

(g) an tionchar a bhíonn ag priacail eile de bharr samhaltaithe.

12. Agus luachálacha tríú páirtí nó marcáil de réir samhla á n-úsáid, breithneoidh institiúidí cibé a chuirfidh nó nach gcuirfidh siad coigeartú i bhfeidhm maidir le luacháil. Ina theannta sin, breithneoidh institiúidí an bhfuil gá le coigeartuithe a bhunú do shuímh bheagleachtacha agus déanfaidh siad athbhreithniú leanúnach ar a n-oiriúnacht leantach. Déanfaidh institiúidí measúnú sainráite freisin ar an ngá atá le coigeartuithe luachála a bhaineann le neamhchinnteacht ionchuir pharaiméadair a úsáideann samhlacha.

13. Maidir le táirgí casta, lena n-áirítear risíochtaí urrúsaithe agus na díorthaigh chreidmheasa don n-ú mainneachtain, déanfaidh institiúidí measúnú sainráite ar an ngá le coigeartuithe ar luacháil mar léiriú ar an bpriacal de bharr samhaltaithe a bhaineann le modheolaíocht luachála a d'fhéadfadh a bheith mícheart a úsáid agus an priacal de bharr samhaltaithe a bhaineann le paraiméadair chalabraithe dhobhraite (agus b'fhéidir mícheart) a úsáid sa tsamhail luachála.

14. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na coinníollacha ar dá réir a chuirfear ceanglais Airteagal 105 i bhfeidhm chun críocha mhír 1 den Airteagal seo.

▼C1

Cuirfidh an ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Iúil 2013.

▼B

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 106*

**Fálú Inmheánach**

1. Comhlíonfaidh fálú inmheánach go háirithe na ceanglais seo a leanas:

(a) ní bheidh sé i gceist go príomha ceanglais cistí dílse a sheachaint nó a laghdú leis;

(b) déanfar é a dhoiciméadú i gceart agus beidh sé faoi réir faomhadh inmheánach áirithe agus nósanna imeachta iniúchta;

(c) déileálfar leis ag coinníollacha an mhargaidh;

(d) déanfar bainistiú dinimiciúil sa leabhar trádála ar an bpriacal margaidh a ghinfear leis an bhfálú inmheánach agus déanfar an bainistiú sin laistigh de na teorainneacha údaraithe;

▼C2

(e) déanfar faireachán cúramach air i gcomhréir le nósanna imeachta dóthanacha.

▼B

Áiritheofar go ndéanfar faireachán air trí nósanna imeachta leordhóthanacha.

2. Beidh feidhm ag ceanglais mhír 1 gan dochar do na ceanglais is infheidhme maidir leis an suíomh fálaithe sa leabhar neamhthrádála.

3. De mhaolú ar mhír 1 agus ar mhír 2, nuair a dhéanann institiúid fálú ar risíocht ar priacal creidmheasa leabhair neamhthrádála nó ar risíocht ar priacal contrapháirtí ag úsáid díorthaigh chreidmheasa atá cláraithe ina leabhar trádála trí fhálú inmheánach, ní mheasfar go bhfuil an risíocht ar priacal sa leabhar neamhthrádála nó an risíocht ar priacal contrapháirtí fálaithe ar mhaithe le méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh mura gceannaíonn an institiúid díorthach creidmheasa ó sholáthraí cosanta tríú páirtí incháilithe a chomhlíonann na ceanglais maidir le cosaint neamhchistithe creidmheasa sa leabhar neamhthrádála. Gan dochar do phointe (h) d'Airteagal 299(2), i gcás ina gceannaítear agus ina n-aithnítear cosaint tríú páirtí den sórt sin mar fhálú ar risíocht leabhair neamhthrádála ar mhaithe le ceanglais cistí dílse a ríomh, ní chuimseofar an fálú inmheánach nó seachtrach ar dhíorthach creidmheasa sa leabhar trádála ar mhaithe le ceanglais cistí dílse a ríomh.

▼B

TEIDEAL II

**CEANGLAIS CHAIPITIL LE HAGHAIDH PRIACAL CREIDMHEASA**

*CAIBIDIL 1*

***Prionsabail ghinearálta***

*Airteagal 107*

**Cineálacha cur chuige maidir le priacal creidmheasa**

1. Cuirfidh institiúidí an Cur Chuige Caighdeánaithe dá bhforáiltear i gCaibidil 2 nó, má cheadaíonn na húdaráis inniúla é i gcomhréir le hAirteagal 143, an Cur Chuige Inmheánach Bunaithe ar Rátálacha dá bhforáiltear i gCaibidil 3, i bhfeidhm chun a gcuid méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh chun críocha phointí (a) agus (f) d'Airteagal 92(3).

2. I gcás risíochtaí trádála ar ranníocaíochtaí an chiste mainneachtana le contrapháirtí lárnach, cuirfidh institiúidí i bhfeidhm an láimhseáil a leagtar amach i gCaibidil 6, Roinn 9 chun méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh ar mhaithe le pointí (a) go (f) d'Airteagal 92(3). I gcás gach cineál eile risíochta ar chontrapháirtí lárnach, déanfaidh institiúidí iad a láimhseáil mar a leanas:.

(a) mar risíochtaí ar institiúid i gcás gach cineáil eile risíochta ar chontrapháirtí cáilitheach;

(b) mar risíochtaí ar chorparáid i gcás gach cineáil eile risíochta ar chontrapháirtí neamhcháilitheach.

▼M8

3. Chun críocha an Rialacháin seo, láimhseálfar risíochtaí ar ghnólacht infheistíochta tríú tír, risíochtaí ar institiúid chreidmheasa tríú tír agus risíochtaí ar mhalartán tríú tír mar risíochtaí ar institiúid i gcás ina gcuirfidh an tríú tír ceanglais stuamachta agus mhaoirseachta bhfeidhm ar an eintiteas sin, ar ceanglais iad atá ar a laghad coibhéiseach leo siúd a chuirtear i bhfeidhm san Aontas, agus sa chás sin amháin.

4. Chun críocha mhír 3, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, agus faoi réir an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 464(2), cinneadh a ghlacadh an gcuireann tríú tír ceanglais stuamachta maoirseachta agus rialála i bhfeidhm atá ar a laghad coibhéiseach leis na socruithe sin a chuirtear i bhfeidhm san Aontas. In éagmais cinnidh den sórt sin, féadfaidh institiúidí leanúint de risíochtaí ar na heintitis dá dtagraítear i mír 3 a láimhseáil mar risíochtaí ar institiúidí, go dtí an 1 Eanáir 2015, ar choinníoll go mbeidh an tríú tír sin faofa ag na húdaráis inniúla iomchuí mar thír atá incháilithe don láimhseáil sin roimh an 1 Eanáir 2014.

▼B

*Airteagal 108*

**Teicníc um maolú priacal creidmheasa a úsáid faoin gCur Chuige Caighdeánaithe agus faoin gCur Chuige IRB**

1. Maidir le risíocht a gcuirfidh institiúid an Cur Chuige Caighdeánaithe i bhfeidhm ina leith faoi Chaibidil 2 nó a gcuireann sí an Cur Chuige IRB i bhfeidhm ina leith faoi Chaibidil 3 ach gan a cuid meastachán féin ar chaillteanas i gcás mainneachtana (LGD) agus a fachtóirí coinbhéartachta féin a úsáid faoi Airteagal 151, féadfaidh an

▼B

institiúid maolú priacal creidmheasa a úsáid i gcomhréir le Caibidil 4 nuair a bheidh sí ag ríomh méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal chun críocha phointí (a) agus (f) d'Airteagal 92(3) nó, mar is iomchuí, méideanna caillteanais ionchasaigh chun críocha an ríofa dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 36(1) agus pointe (c) d'Airteagal 62.

2. Maidir le risíocht a gcuirfidh institiúid an Cur Chuige IRB i bhfeidhm ina leith trína cuid meastachán féin ar LGD agus a fachtóirí coibhéartachta féin a úsáid faoi Airteagal 151, féadfaidh an institiúid maolú priacal creidmheasa a úsáid i gcomhréir le Caibidil 3.

▼M5

*Airteagal 109*

**Láimhseáil suíomhanna urrúsúcháin**

Ríomhfaidh institiúidí méid na risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail i gcás suíomh atá ina seilbh in urrúsú i gcomhréir le Caibidil 5.

▼B

*Airteagal 110*

**Coigeartú ginearálta i leith priacal creidmheasa a láimhseáil**

1. Déanfaidh institiúidí a chuirfidh an Cur Chuige Caighdeánaithe i bhfeidhm coigeartuithe ginearálta i leith priacal creidmheasa a láimhseáil i gcomhréir le hAirteagal 62 (c).

2. Déanfaidh institiúidí a bhfuil an Cur Chuige IRB á chur i bhfeidhm acu na coigeartuithe i leith priacal creidmheasa a láimhseáil i gcomhréir le hAirteagal 159, Airteagal 62 (d) agus Airteagal 36 (1)(d).

Chun críocha an Airteagail seo agus Chaibidil 2 agus Chaibidil 3, ní bheidh cistí le haghaidh priacal ginearálta baincéireachta san áireamh i gcoigeartuithe ginearálta agus sonracha i leith priacal creidmheasa.

3. Déanfaidh institiúidí a úsáideann an Cur Chuige IRB agus a chuireann an Cur Chuige Caighdeánaithe i bhfeidhm maidir le cuid dá risíochtaí ar bhonn comhdhlúite nó aonair, cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 148 agus Airteagal 150 faoin gcuid sin den choigeartú ginearálta i leith priacal creidmheasa a shannfar chun coigeartú ginearálta i leith priacal creidmheasa a láimhseáil faoin gCur Chuige Caighdeánaithe agus chun coigeartú ginearálta i leith priacal creidmheasa a láimhseáil faoin gCur Chuige IRB mar seo a leanas:

(a) nuair is infheidhme, i gcás ina gcuireann institiúid atá ar áireamh sa chomhdhlúthú an Cur Chuige IRB i bhfeidhm go heisiach, sannfar coigeartuithe ginearálta i leith priacal creidmheasa na hinstitiúide don láimhseáil atá leagtha amach i mír 2;

(b) nuair is infheidhme, i gcás ina gcuireann institiúid atá ar áireamh sa chomhdhlúthú an Cur Chuige Caighdeánaithe i bhfeidhm go heisiach, sannfar coigeartú ginearálta i leith priacal creidmheasa na hinstitiúide don láimhseáil atá leagtha amach i mír 1;

(c) Sannfar an t-iarmhar den choigeartú i leith priacal creidmheasa ar bhonn pro rata de réir an chion de na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal atá faoi réir ag an gCur Chuige Caighdeánaithe agus atá faoi réir ag an gCur Chuige IRB.

▼B

4. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun ríomh na gcoigeartuithe sonracha i leith priacal creidmheasa agus na gcoigeartuithe ginearálta i leith priacal creidmheasa a shonrú faoin gcreat infheidhme cuntasaíochta maidir leo seo a leanas:

(a) luach na risíochta faoin gCur Chuige Caighdeánaithe dá dtagraítear in Airteagal 111;

(b) luach na risíochta faoin gCur Chuige IRB dá dtagraítear in Airteagail 166 go 168;

(c) láimhseáil méideanna an chaillteanais ionchasaigh dá dtagraítear in Airteagal 159;

(d) luach na risíochta chun méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh i dtaca leis an suíomh urrúsaithe dá dtagraítear in Airteagal 246 agus Airteagal 266;

(e) mainneachtain a chinneadh faoi Airteagal 178;

▼C1

Cuirfidh an ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Iúil 2013.

▼B

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*CAIBIDIL 2*

***Cur Chuige Caighdeánaithe***

Roinn 1

**Prionsabail ghinearálta**

*Airteagal 111*

**Luach na risíochta**

▼M7

1. Beidh luach na risíochta ar ítim shócmhainne cothrom leis an luach cuntasaíochta a bheidh fágtha tar éis na gcoigeartuithe sonracha i leith priacal creidmheasa i gcomhréir le hAirteagal 110, na coigeartuithe luacha breise i gcomhréir le hAirteagail 34 agus 105, méideanna arna n-asbhaint i gcomhréir le pointe (m) d'Airteagal 36(1) agus laghduithe eile i leith cistí dílse a bhaineann leis an ítim shócmhainne a chur i bhfeidhm. Beidh luach na risíochta ar ítim shócmhainne lasmuigh den chlár comhardaithe atá liostaithe in Iarscríbhinn I cothrom leis an gcéatadán seo a leanas dá luach ainmniúil tar éis coigeartuithe sonracha i leith priacal creidmheasa a laghdú agus méideanna a asbhaint i gcomhréir le pointe (m) d'Airteagal 36(1):

▼B

(a) 100 % más ítim lánpriacal atá i gceist;

(b) 50 % más ítim mheánpriacal atá i gceist;

(c) 20 % más ítim mheánpriacal /íospriacal atá i gceist;

(d) 0 % más ítim íospriacal atá i gceist.

Déanfar na hítimí lasmuigh den chlár comhardaithe dá dtagraítear sa dara habairt den chéad fhomhír a shannadh do chatagóirí priacal mar a thugtar le fios in Iarscríbhinn I.

Nuair a bheidh an Modh Cuimsitheach Comhthaobhach Airgeadais faoi Airteagal 223 in úsáid ag institiúid, déanfar luach risíochta na n-urrús nó na dtráchtearraí a dhíolfar, a bhreacfar nó a thabharfar ar iasacht faoi idirbheart athcheannaigh nó faoi idirbheart iasachtaithe nó iasachtaíochta

▼B

urrús nó tráchtearraí, agus idirbhearta iasachtaithe corrlaigh, a mhéadú ag brath ar an gcoigeartú luaineachta a bheidh oiriúnach d'urrúis nó do thráchtearraí den sórt sin arna leagan síos in Airteagail 223 go 225.

2. Déanfar an luach risíochta a bheidh ag ionstraim dhíorthach atá liostaithe in Iarscríbhinn II a chinneadh i gcomhréir le Caibidil 6 agus cuirfear na héifeachtaí a bheidh ag conarthaí nuachana agus ag comhaontuithe glanluachála eile san áireamh chun críocha na modhanna sin i gcomhréir le Caibidil 6. Féadfar an luach risíochta a bheidh ag idirbheart athcheannaigh, ag idirbhearta iasachtaithe nó iasachtaíochta urrús nó tráchtearraí, ag idirbhearta socraíochta iarchurtha agus ag idirbhearta iasachtaithe corrlaigh a chinneadh i gcomhréir le Caibidil 6 nó Caibidil 4.

3. I gcás ina mbeidh risíocht faoi réir ag cosaint chistithe creidmheasa, féadfar an luach risíochta a bheidh infheidhme maidir leis an ítim sin a leasú i gcomhréir le Caibidil 4.

*Airteagal 112*

**Aicmí risíochta**

Déanfar gach risíocht a shannadh do cheann de na haicmí risíochta seo a leanas:

(a) risíochtaí ar rialtais láir nó bainc cheannais

(b) risíochtaí ar rialtais réigiúnacha nó ar údaráis áitiúla;

(c) risíochtaí ar eintitis san earnáil phoiblí;

(d) risíochtaí ar bhainc forbartha iltaobhacha;

(e) risíochtaí ar eagraíochtaí idirnáisiúnta;

(f) risíochtaí ar institiúidí;

(g) risíochtaí ar chorparáidí;

(h) risíochtaí ar mhiondíol;

(i) risíochtaí arna n-urrú le morgáistí ar mhaoin dhochorraithe;

(j) risíochtaí ar mhainneachtain;

(k) risíochtaí a bhaineann le priacal atá fíor-ard;

(l) risíochtaí i bhfoirm bannaí faoi chumhdach;

(m) ítimí atá in ionannas le suímh urrúsaithe;

(n) risíochtaí ar institiúidí agus ar chorparáidí a bhfuil measúnú creidmheasa gearrthéarmach acu;

(o) risíochtaí i bhfoirm aonad nó scaireanna i ngnóthais chomhinfheistíochta (GCanna);

(p) risíochtaí ar chothromas;

(q) ítimí eile.

*Airteagal 113*

**Méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh**

1. D'fhonn méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh, cuirtear ualaí priacal i bhfeidhm maidir le gach risíocht, mura mbaintear ó chistí dílse iad, i gcomhréir leis na forálacha i Roinn 2. Beidh cur i bhfeidhm na n-ualaí priacal bunaithe ar an aicme risíochta a bhfuil an risíocht sannta di agus, a mhéid atá sonraithe i Roinn 2, ar a cháilíocht

▼B

chreidmheasa. Féadfar cáilíocht chreidmheasa a chinneadh trí thagairt a dhéanamh do mheasúnuithe creidmheasa na IMCSanna nó measúnuithe creidmheasa na nGníomhaireachtaí um Chreidmheas Onnmhairiúcháin i gcomhréir le Roinn 3.

2. Ar mhaithe le hualú priacal a chur i bhfeidhm, dá dtagraítear i mír 1, iolrófar luach na risíochta faoin ualú priacal atá sonraithe nó cinnte i gcomhréir le Roinn 2.

3. I gcás ina mbeidh risíocht faoi réir ag cosaint chreidmheasa féadfar an t-ualú priacal is infheidhme maidir leis an ítim sin a leasú i gcomhréir le Caibidil 4.

4. Déanfar méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal le haghaidh risíochtaí urrúsaithe a ríomh i gcomhréir le Caibidil 5.

5. Sannfar ualú priacal 100 % ar risíochtaí nach bhfuil aon ríomh a bhaineann leo ar fáil i Roinn 2.

6. Cé is moite de risíochtaí as a dtagann Gnáthchothromas Leibhéal 1, de Chaipiteal Breise Leibhéal 1 nó de Chaipiteal Leibhéal 2, féadfaidh institiúid, faoi réir fhaomhadh na n-údarás inniúil a fháil roimh ré, cinneadh a dhéanamh gan ceanglais mhír 1 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm maidir le risíochtaí na hinstitiúide sin ar chontrapháirtí arb é a máthairghnóthas, a fochuideachta, fochuideachta de chuid a máthairghnóthas nó gnóthas atá nasctha trí ghaol de réir bhrí Airteagal 12(1) de Threoir 83/349/CEE é. Tá sé de chumhacht ag údaráis inniúla faomhadh a dheonú má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

▼C2

(a) is é atá sa chontrapháirtí institiúid, institiúid airgeadais nó gnóthas seirbhísí coimhdeacha faoi réir ceanglas stuamachta iomchuí;

▼B

(b) tá an contrapháirtí ar áireamh sa chomhdhlúthú céanna leis an institiúid ar bhonn iomlán;

(c) tá an contrapháirtí faoi réir ag an meastóireacht chéanna ar priacail, agus ag na nósanna imeachta tomhais agus rialaithe céanna leis an institiúid;

(d) tá an contrapháirtí bunaithe sa Bhallstát céanna leis an institiúid;

(e) níl aon bhac praiticiúil ná dlíthiúil ábhartha reatha ná ionchais ann maidir le haistriú pras cistí dílse nó aisíocaíocht dliteanas ón gcontrapháirtí chuig an institiúid.

I gcás ina bhfuil institiúid údaraithe, i gcomhréir leis an mír seo, gan ceanglais mhír 1 a chur i bhfeidhm, féadfaidh sí ualú priacal 0 % a shannadh.

7. Cé is moite de risíochtaí as a dtagann Gnáthchothromas Leibhéal 1, itimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 agus Leibhéal 2, féadfaidh institiúidí, faoi réir chead na n-údarás inniúil a fháil roimh ré, gan ceanglais mhír 1 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm maidir le risíochtaí ar chontrapháirtithe a bhfuil scéim chosanta institiúideach déanta ag an institiúid leo ar comhaontú dliteanais conarthach nó reachtúil é a thugann cosaint do na hinstitiúidí agus a áirithíonn a gcuid leachtachta agus a gcuid sócmhainneachta go háirithe d'fhonn féimheacht a sheachaint más gá. Tá sé de chumhacht ag údaráis inniúla cead a dheonú má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

▼B

(a) níl na ceanglais atá leagtha amach i bpointí (a), (d) agus (e) de mhír 6 comhlíonta;

(b) áirithíonn na socruithe go bhfuil an scéim chosanta institiúideach in ann tacaíocht a thabhairt atá riachtanach faoina thiomantas ó chistí atá ar fáil go héasca dó;

(c) tá córais chonarthacha oiriúnacha agus aonfhoirmeacha sa scéim chosanta institiúideach chun faireachán agus aicmiú a dhéanamh ar priacal, agus a thugann léargas iomlán ar staid priacal gach comhalta aonair agus na scéime cosanta institiúidí trí chéile, agus féidearthachtaí ag gabháil leis chun tionchar a imirt; déanfaidh na córais sin faireachán iomchuí ar risíochtaí a mhainnigh i gcomhréir le hAirteagal 178(1);

(d) déanann an scéim chosanta institiúideach a athbhreithniú féin ar priacal a chuirtear in iúl do na comhaltaí aonair;

(e) déanann an scéim chosanta institiúideach ceachtar den dá thuarascáil seo a leanas a tharraingt suas agus a fhoilsiú gach bliain: tuarascáil chomhdhlúite ina mbeidh an clár comhardaithe, an cuntas brabúis agus caillteanais, an tuarascáil staide agus an tuarascáil ar priacal, a bhaineann leis an scéim chosanta institiúideach trí chéile; nó tuarascáil ina mbeidh an clár comhardaithe comhiomlánaithe, an cuntas brabúis agus caillteanais comhiomlánaithe, an tuarascáil staide agus an tuarascáil ar priacal, a bhaineann leis an scéim chosanta institiúideach trí chéile;

(f) tá sé de dhualgas ar chomhaltaí na scéime cosanta institiúidí fógra roimh ré a thabhairt 24 mí ar a laghad más mian leo deireadh a chur leis an scéim chosanta institiúideach;

(g) gheofar réidh le hil-úsáidí gnéithe atá incháilithe chun cistí dílse a ríomh (dá ngairtear 'ilghiaráil' anseo feasta) chomh maith le cistí dílse ar bith a chruthaítear go míchuí idir comhaltaí na scéime cosanta institiúidí;

(h) Beidh an scéim chosanta institiúideach bunaithe ar bhallraíocht leathan d'institiúidí creidmheasa a mbeidh próifíl ghnó aonchineálach acu den chuid is mó;

(i) déanann na húdaráis inniúla ábhartha leordhóthanacht na gcóras dá dtagraítear i bpointe (c) and (d) a fhaomhadh go rialta agus déanann siad faireachán orthu go rialta.

I gcás ina gcinnfidh institiúid, i gcomhréir leis an mír seo, gan ceanglais mhír 1 a chur i bhfeidhm, féadfaidh sí ualú priacal 0 % a shannadh.

## Roinn 2

## **Ualuithe priacal**

### *Airteagal 114*

### **Risíochtaí ar rialtais láir nó ar bhainc cheannais**

1. Déanfar ualú priacal 100 % a shannadh do risíochtaí ar rialtais láir agus ar bhainc cheannais, ach amháin má tá feidhm leis na láimhseálacha atá leagtha amach i míreanna 2 go 7.

▼B

2. Déanfar ualú priacal i gcomhréir le Tábla 1 a shannadh do risíochtaí ar rialtais láir agus ar bhainc cheannais a bhfuil measúnú creidmheasa a rinne IMCS ainmnithe ar fáil ina leith agus comhfhreagraíonn an t-ualú sin don mheasúnú creidmheasa a rinne IMCS i gcomhréir le hAirteagal 136.

*Tábla 1*

| Céim na cáilíochta creidmheasa | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ualú priacal | 0 % | 20 % | 50 % | 100 % | 100 % | 150 % |

3. Déanfar ualú priacal 0 % a shannadh do risíochtaí ar BCE.

4. Déanfar ualú priacal 0 % a shannadh do risíochtaí ar rialtais láir agus ar bhainc cheannais Ballstát atá ainmnithe agus cistithe in airgeadra intíre an rialtais láir agus an bhainc cheannais sin.

▼C2

__________

▼M11

__________

▼B

7. I gcás ina ndéanfaidh údaráis inniúla tríú tír a chuireann socruithe maoirseachta agus rialála i bhfeidhm atá cothrom ar a laghad leo sin san Aontas ualú priacal atá níos ísle ná an t-ualú priacal sin atá tugtha le fios i míreanna 1 go 2 a shannadh do risíochtaí ar a rialtas láir agus a mbanc ceannais atá ainmnithe agus cistithe san airgeadra intíre, féadfaidh institiúidí ualú priacal a chur i bhfeidhm maidir le risíochtaí den sórt sin ar an tslí chéanna.

Chun críocha na míre seo, féadfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme a úsáid, agus faoi réir an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 464(2), cinneadh a ghlacadh maidir lena gcuirfidh tríú tír socruithe maoirseachta agus rialála i bhfeidhm atá cothrom ar a laghad leis na socruithe sin atá i bhfeidhm san Aontas. In éagmais cinnidh den sórt sin, féadfaidh institiúidí leanúint den láimhseáil atá leagtha amach sa mhír seo a chur i bhfeidhm maidir leis na risíochtaí ar rialtas láir nó ar bhanc ceannais de chuid tríú tíre, go dtí an 1 Eanáir 2015, i gcás ina bhfuil an tríú tír sin faofa ag na húdaráis inniúla iomchuí mar thír atá incháilithe don láimhseáil sin roimh an 1 Eanáir 2014.

*Airteagal 115*

**Risíochtaí ar rialtais réigiúnacha nó ar údaráis áitiúla**

1. Déanfar risíochtaí ar rialtais láir agus ar údaráis áitiúla a ualú ó thaobh priacal mar risíochtaí ar institiúidí mura láimhseáiltear iad mar risíochtaí ar rialtais láir faoi mhír 2 nó mír 4 nó mura bhfhaigheann siad

▼B

ualú priacal mar a shonraítear i mír 5. Ní chuirfear i bhfeidhm an láimhseáil fhabhrach i gcás risíochtaí gearrthéarmacha atá sonraithe in Airteagal 119(2) agus Airteagal 120(2).

2. Déanfar risíochtaí ar rialtais réigiúnacha nó ar údaráis áitiúla a láimhseáil mar risíochtaí ar an rialtas láir sin a bhfuil siad bunaithe ina dhlínse i gcás nach bhfuil aon difríocht ó thaobh priacal idir risíochtaí den sórt sin toisc go bhfuil cumhachtaí sonracha tiomsaithe ioncaim ag na rialtais réigiúnacha agus ag na húdaráis áitiúla, agus toisc go bhfuil socruithe institiúideacha sonracha ann a bhfuil sé d'éifeacht acu a priacal mainneachtana a laghdú.

Coimeádfaidh ÚBE bunachar sonraí a bheidh ar fáil don phobal ina mbeidh na rialtais réigiúnacha uile agus na húdaráis áitiúla uile san Aontas a dhéanann na húdaráis inniúla ábhartha a láimhseáil mar risíochtaí ar a rialtais lárnacha.

3. Déanfar risíochtaí ar eaglaisí nó ar phobail reiligiúnacha arna gcomhdhéanamh i bhfoirm duine dhlítheanaigh faoin dlí poiblí, sa mhéid is go mbailíonn siad cánacha i gcomhréir le reachtaíocht a thugann de cheart dóibh sin a dhéanamh, a láimhseáil mar risíochtaí ar rialtais réigiúnacha agus ar údaráis áitiúla. Sa chás seo, ní bheidh feidhm ag mír 2 agus chun críocha Airteagal 150(1)(a), ní eiseofar cead chun an Cur Chuige Caighdeánaithe a chur i bhfeidhm.

4. I gcás ina ndéanfaidh údaráis inniúla dlínse tríú tír a chuireann socruithe maoirseachta agus rialála i bhfeidhm atá cothrom ar a laghad leo sin a chuirtear i bhfeidhm san Aontas risíochtaí ar rialtais réigiúnacha nó ar údaráis áitiúla a láimhseáil mar risíochtaí ar a rialtas láir féin agus nach bhfuil difríocht ar bith ó thaobh priacal idir risíochtaí den sórt sin toisc go bhfuil cumhachtaí sonracha tiomsaithe ioncaim ag an rialtas réigiúnach nó ag údaráis áitiúla agus mar gheall ar shocruithe institiúideacha sonracha chun an priacal mainneachtana a laghdú, féadfaidh institiúidí risíochtaí ar rialtais réigiúnacha agus ar údaráis áitiúla den sórt sin a ualú ar an tslí chéanna ó thaobh priacal.

Chun críocha na míre seo, féadfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme a úsáid, agus faoi réir an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 464(2), cinneadh a ghlacadh maidir lena gcuirfidh tríú tír socruithe maoirseachta agus rialála i bhfeidhm atá cothrom ar a laghad leis na socruithe sin atá i bhfeidhm san Aontas. In éagmais cinnidh den sórt sin, féadfaidh institiúidí leanúint den láimhseáil atá leagtha amach sa mhír seo a chur i bhfeidhm, go dtí an 1 Eanáir 2015, maidir leis an tríú tír ina bhfuil an tríú tír sin faofa ag na húdaráis inniúla iomchuí mar thír atá incháilithe don láimhseáil sin roimh an 1 Eanáir 2014.

5. Déanfar ualú priacal cothrom le 20 % a shannadh do risíochtaí ar rialtais réigiúnacha nó ar údaráis áitiúla na mBallstát nach dtagraítear dóibh i míreanna 2 go 4 agus atá ainmnithe agus cistithe in airgeadra intíre an rialtais láir agus an údaráis áitiúil sin.

▼B

*Airteagal 116*

**Risíochtaí ar eintitis san earnáil phoiblí**

1. I gcás risíochtaí ar eintitis san earnáil phoiblí nach bhfuil measúnú creidmheasa a rinne IMCS ainmnithe ar fáil ina leith, déanfar ualú priacal a shannadh dóibh de réir na céime cáilíochta creidmheasa a bhfuil risíochtaí ar rialtas láir na dlínse ina bhfuil an t-eintiteas sin den earnáil phoiblí corpraithe sannta dó i gcomhréir le Tábla 2 seo a leanas:

*Tábla 2*

| Céim cáilíochta creidmheasa a bhfuil an rialtas láir sannta dó | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ualú priacal | 20 % | 50 % | 100 % | 100 % | 100 % | 150 % |

I gcás risíochtaí ar eintitis san earnáil phoiblí atá corpraithe i dtíortha ina bhfuil an rialtas láir gan rátáil, beidh an t-ualú priacal cothrom le 100 %.

2. Déanfar risíochtaí ar eintitis san earnáil phoiblí a bhfuil measúnú creidmheasa a rinne IMCS ainmnithe ar fáil ina leith a láimhseáil i gcomhréir le hAirteagal 120. Ní chuirfear an láimhseáil fhabhrach i bhfeidhm maidir leis na heintitis sin i gcás risíochtaí gearrthéarmacha atá sonraithe in Airteagal 119(2) agus Airteagal 120(2).

3. I gcás risíochtaí ar eintitis san earnáil phoiblí a bhfuil aibíocht bhunaidh trí mhí nó níos giorra ag gabháil leo, beidh an t-ualú priacal cothrom le 20 %.

4. I gcúinsí eisceachtúla, féadfar risíochtaí ar eintitis san earnáil phoiblí a láimhseáil mar risíochtaí ar an rialtas láir, ar an rialtas réigiúnach nó ar an údarás áitiúil sin a bhfuil siad bunaithe ina dhlínse i gcás nach bhfuil aon difríocht, i dtuairim údaráis inniúla na dlínse sin, ó thaobh priacal idir risíochtaí den sórt sin toisc go bhfuil ráthaíocht iomchuí ann ón rialtas láir, ón rialtas réigúnach nó ón údarás áitiúil.

5. I gcás ina ndéanfaidh údaráis inniúla i ndlínse tríú tír, a chuireann socruithe maoirseachta agus rialála i bhfeidhm atá cothrom ar a laghad leo sin san Aontas Eorpach, risíochtaí ar eintitis san earnáil phoiblí a láimhseáil i gcomhréir le mír 1 nó mír 2, féadfaidh institiúidí ualú priacal a chur i bhfeidhm maidir le risíochtaí ar eintitis den sórt sin san earnáil phoiblí ar an tslí chéanna. Mura ndéantar é sin, cuirfidh na hinstitiúidí ualú priacal de 100 % i bhfeidhm.

Chun críocha na míre seo, féadfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme a úsáid, agus faoi réir an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 464(2), cinneadh a ghlacadh maidir lena gcuirfidh tríú tír socruithe maoirseachta agus rialála i bhfeidhm atá cothrom ar a laghad leis na socruithe sin atá i bhfeidhm san Aontas. In éagmais cinnidh den sórt sin, féadfaidh institiúidí leanúint den láimhseáil atá leagtha amach sa mhír seo a chur i bhfeidhm, go dtí an 1 Eanáir 2015, maidir leis an tríú tír ina bhfuil an tríú tír sin faofa ag na húdaráis inniúla iomchuí mar thír atá incháilithe don láimhseáil sin roimh an 1 Eanáir 2014.

▼B

*Airteagal 117*

**Risíochtaí ar bhainc forbartha iltaobhacha**

1. Déanfar risíochtaí ar bhainc forbartha iltaobhacha nach dtagraítear dóibh i mír 2 a láimhseáil ar an tslí chéanna le risíochtaí ar institiúidí. Ní chuirfear i bhfeidhm an láimhseáil fhabhrach i gcás risíochtaí gearrthéarmacha mar atá sonraithe in Airteagal 119(2), 120(2) agus 121 (3).

Measfar gur bainc forbartha iltaobhacha iad an Chorparáid Idir-Mheiriceánach Infheistíochta, Banc Trádála agus Forbartha na Mara Duibhe, an Banc Lár-Mheiriceánach um Lánpháirtíocht Eacnamaíoch agus CAF-Banc Forbartha Mheiriceá Laidineach.

2. Déanfar ualú priacal 0 % a shannadh do risíochtaí ar na bainc forbartha iltaobhacha seo a leanas:

(a) an Banc Idirnáisiúnta Athfhoirgníochta agus Forbartha;

(b) an Chorparáid Airgeadais Idirnáisiúnta;

(c) an Banc Forbartha Idir-Mheiriceánach;

(d) Banc Forbartha na hÁise;

(e) Banc Forbartha na hAfraice;

(f) Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa;

(g) an Banc Nordach Infheistíochta;

(h) Banc Forbartha Mhuir Chairib;

(i) an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha;

(j) an Banc Eorpach Infheistíochta;

(k) an Ciste Eorpach Infheistíochta;

(l) an Ghníomhaireacht Iltaobhach Rathaithe Infheistíochtaí;

(m) an tSaoráid Airgeadais Idirnáisiúnta um Imdhíonadh;

(n) an Banc Ioslamach um Fhorbraíocht;

▼M8

(o) an Comhlachas Forbartha Idirnáisiúnta;

(p) Banc na hÁise don Infheistiú sa Bhonneagar.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún an Rialachán seo a leasú trí ghníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 462 lena leasítear, i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, liosta na mbanc forbartha iltaobhach dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

▼B

3. Déanfar ualú priacal 20 % a shannadh don chion de chaipiteal neamhíoctha atá suibscríofa leis an gCiste Eorpach Infheistíochta.

*Airteagal 118*

**Risíochtaí ar eagraíochtaí idirnáisiúnta**

Déanfar ualú priacal 0 % a shannadh do risíochtaí ar na heagraíochtaí idirnáisiúnta seo a leanas:

▼**M8**

(a) an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach;

▼**B**

(b) an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta;

(c) an Banc le haghaidh Socruithe Idirnáisiúnta;

(d) an tSaoráid um Chobhsaíocht Airgeadais;

(e) an Sásra Cobhsaíochta Eorpach;

(f) institiúid airgeadais idirnáisiúnta arna bhunú ag dhá Bhallstát nó níos mó, a bhfuil sé mar aidhm aici cistiú a chur ar bun agus cúnamh airgeadais a thabhairt ar mhaithe lena cuid comhaltaí a bhfuil deacrachtaí móra maoinithe acu nó atá i mbaol deacrachtaí móra maoinithe.

*Airteagal 119*

**Risíochtaí ar institiúidí**

1. Déanfar risíochtaí ar institiúidí a bhfuil measúnú creidmheasa a rinne IMCS ainmnithe ar fáil ina leith a ualú ó thaobh priacal i gcomhréir le hAirteagal 120. Déanfar risíochtaí ar institiúidí nach bhfuil measúnú creidmheasa a rinne IMCS ainmnithe ar fáil ina leith a ualú ó thaobh priacal i gcomhréir le hAirteagal 121.

2. I gcás risíochtaí ar institiúidí a bhfuil aibíocht iarmhair trí mhí nó níos giorra iontu agus atá ainmnithe agus cistithe in airgeadra náisiúnta an iasachtaí, déanfar ualú priacal a shannadh dóibh a bheidh catagóir amháin nach lú fabhar ná an t-ualú priacal fabhrach, a thuairiscítear in Airteagal 114(4) go hAirteagal 114(7), atá sannta do risíochtaí ar an rialtas láir ina ionchorpraítear an institiúid.

3. Ní dhéanfar ualú priacal níos lú ná 20 % a shannadh d'aon risíochtaí a bhfuil aibíocht iarmhair trí mhí nó níos giorra iontu agus atá ainmnithe agus cistithe in airgeadra náisiúnta an iasachtaí.

4. Féadfar risíocht ar institiúid i bhfoirm cúlchistí íosta a cheanglaíonn BCE nó banc ceannais Ballstáit iad a bheith sealbhaithe ag institiúid a ualú ó thaobh priacal mar risíochtaí ar bhanc ceannais an Bhallstáit atá i gceist ar an gcoinníoll:

(a) go sealbhaítear na cúlchistí i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1745/2003 ón mBanc Ceannais Eorpach an 12 Meán Fómhair 2003 maidir le cur i bhfeidhm na gcúlchistí íosta ([1])nó i gcomhréir leis na ceanglais náisiúnta i ngach cás ábhartha atá coibhéiseach leis an Rialachán sin;

(b) i gcás féimheachta nó dócmhainneachta na hinstitiúide ina sealbhaítear na cúlchistí, déantar na cúlchistí a aisíoc go hiomlán leis an institiúid ar shlí thráthúil agus ní chuirtear ar fáil iad chun fónamh do dhliteanais eile na hinstitiúide.

▼**M9**

5. Risíochtaí ar institiúidí airgeadais arna n-údarú agus arna maoirsiú ag na húdaráis inniúla agus atá faoi réir ceanglais stuamachta atá inchomparáide leo sin a chuirtear i bhfeidhm maidir le hinstitiúidí i dtéarmaí stóinseachta, déanfar iad a láimhseáil mar risíochtaí ar institiúidí.

Chun críocha na míre seo, measfar na ceanglais stuamachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2033 a bheith inchomparáide leis na ceanglais a chuirtear i bhfeidhm ar institiúidí ó thaobh stóinseachta de.

([1]) IO L 250, 2.10.2003, lch. 10.

▼B

*Airteagal 120*

**Risíochtaí ar institiúidí rátáilte**

1. I gcás risíochtaí ar institiúidí a bhfuil aibíocht iarmhair breis is trí mhí iontu a bhfuil measúnú creidmheasa a rinne IMCS ainmnithe ar fáil ina leith, déanfar ualú priacal a shannadh dóibh i gcomhréir le Tábla 3 a chomhfhreagraíonn don mheasúnú creidmheasa a rinne IMCS i gcomhréir le hAirteagal 136.

*Tábla 3*

| Céim na cáilíochta creidmheasa | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ualú priacal | 20 % | 50 % | 50 % | 100 % | 100 % | 150 % |

2. I gcás risíochtaí ar institiúid a bhfuil aibíocht iarmhair suas le trí mhí iontu agus a bhfuil measúnú creidmheasa a rinne an IMCS ainmnithe ar fáil ina leith, déanfar ualú priacal a shannadh dóibh i gcomhréir le Tábla 4 a chomhfhreagraíonn don mheasúnú creidmheasa a rinne an IMCS i gcomhréir le hAirteagal 136:

*Tábla 4*

| Céim na cáilíochta creidmheasa | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ualú priacal | 20 % | 20 % | 20 % | 50 % | 50 % | 150 % |

3. Is mar seo a leanas a bheidh an idirghníomhaíocht idir an tslí ina láimhseáiltear measúnú creidmheasa gearrthéarmach faoi Airteagal 131 agus an láimhseáil fhabhrach ghinearálta a chuirtear i bhfeidhm maidir le risíochtaí gearrthéarmacha atá leagtha amach i mír 2:

(a) Mura ndéantar aon mheasúnú ar risíocht ghearrthéarmach, beidh feidhm ag an láimhseáil fhabhrach ghinearálta do risíochtaí gearrthéarmacha mar atá sonraithe i mír 2 maidir le gach risíocht ar institiúidí a bhfuil aibíocht iarmhair suas le trí mhí iontu;

(b) Má dhéantar measúnú gearrthéarmach agus má chinntear le measúnú den sórt sin go gcuirfear ualú priacal níos fabhraí nó ualú priacal comhionann i bhfeidhm seachas an láimhseáil fhabhrach ghinearálta do risíochtaí gearrthéarmacha, mar atá sonraithe i mír 2, úsáidfear an measúnú gearrthéarmach i gcás na risíochta sonraí sin amháin. Cuirfear an láimhseáil fhabhrach ghinearálta do risíochtaí gearrthéarmacha, mar atá sonraithe i mír 2, i bhfeidhm maidir le risíochtaí gearrthéarmacha eile;

(c) Má dhéantar measúnú gearrthéarmach agus má chinntear le measúnú den sórt sin go gcuirfear ualú priacal nach lú fabhar ná an láimhseáil fhabhrach ghinearálta do risíochtaí gearrthéarmacha, mar atá sonraithe i mír 2, i bhfeidhm, ní úsáidfear an láimhseáil fhabhrach ghinearálta do risíochtaí gearrthéarmacha agus déanfar an t-ualú priacal céanna is a chuirtear i bhfeidhm leis an measúnú gearrthéarmach sonrach a shannadh do gach éileamh gearrthéarmach gan rátáil.

▼B

*Airteagal 121*

**Risíochtaí ar institiúidí gan rátáil**

1. I gcás risíochtaí ar institiúidí nach bhfuil measúnú creidmheasa a rinne IMCS ainmnithe ar fáil ina leith, déanfar ualú priacal a shannadh dóibh de réir na céime cáilíochta creidmheasa a bhfuil risíochtaí ar rialtas láir na dlínse ina bhfuil an institiúid corpraithe sannta dó i gcomhréir le Tábla 5.

*Tábla 5*

| Céim cáilíochta creidmheasa a bhfuil an rialtas láir sannta dó | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ualú priacal na risíochta | 20 % | 50 % | 100 % | 100 % | 100 % | 150 % |

2. I gcás risíochtaí ar institiúidí gan rátáil atá corpraithe i dtíortha ina bhfuil an rialtas láir gan rátáil, beidh an t-ualú priacal cothrom le 100 %.

3. I gcás risíochtaí ar institiúidí gan rátáil a bhfuil aibíocht bhunaidh iarbhír de thrí mhí nó níos lú ag gabháil leo, beidh an t-ualú priacal cothrom le 20 %.

4. In ainneoin mhír 2 agus mhír 3 maidir le risíochtaí trádála airgeadais dá dtagraítear pointe (b) den dara fomhír d'Airteagal 162(3) ar institiúidí gan rátáil, beidh an t-ualú priacal cothrom le 50 % agus i gcás ina mbeidh aibíocht iarmhair na risíochtaí trádála airgeadais ar institiúidí gan rátáil trí mhí nó níos lú, beidh an t-ualú priacal cothrom le 20 %.

*Airteagal 122*

**Risíochtaí ar chorparáidí**

1. I gcás risíochtaí a bhfuil measúnú creidmheasa a rinne IMCS ainmnithe ar fáil ina leith, déanfar ualú priacal a shannadh dóibh i gcomhréir le Tábla 6 a chomhfhreagraíonn don mheasúnú creidmheasa a rinne an IMCS i gcomhréir le hAirteagal 136.

*Tábla 6*

| Céim na cáilíochta creidmheasa | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ualú priacal | 20 % | 50 % | 100 % | 100 % | 150 % | 150 % |

2. I gcás risíochtaí nach bhfuil measúnú creidmheasa ar fáil ina leith, déanfar ualú priacal cothrom le 100 % nó ualú priacal na risíochtaí ar rialtais láir na dlínse ina bhfuil an chorparáid ionchorpraithe, cibé acu is airde, a shannadh dóibh.

▼B

*Airteagal 123*

**Risíochtaí ar mhiondíol**

Déanfar ualú priacal cothrom le 75 % a shannadh do risíochtaí a chomhlíonann na critéir seo a leanas:

(a) is ar dhuine nó ar dhaoine nádúrtha, nó ar fhiontar beag nó meánmhéide (FBM), a bheidh risíocht;

(b) beidh an risíocht ar cheann amháin de líon suntasach risíochtaí a mbeidh tréithe cosúla acu sa mhéid is go laghdaítear go mór na priacail a bhaineann le hiasachtú den sórt sin;

(c) i gcás an mhéid iomlán a bheidh dlite don institiúid agus do na máthairghnóthais agus a fochuideachtaí, lena n-áirítear aon risíocht ar mainneachtain, ag an oibleagáideoir cliant nó ag grúpa cliant nasctha, gan risíochtaí atá urraithe go hiomlán agus ar fad ar chomhthaobhacht a bhaineann le maoin chónaithe a áireamh, ar éilimh iad a sannadh d'aicme na risíochta a leagtar síos in Airteagal 112 (i), ní sháróidh sé, a mhéid is feasach don institiúid, EUR 1 milliún. Déanfaidh an institiúid bearta réasúnta chun an t-eolas sin a fháil.

Ní bheidh urrúis incháilithe mar risíocht ar mhiondíol.

Ní bheidh risíochtaí nach gcomhlíonann na critéir dá dtagraítear i bpointe (a) go (c) den chéad fhomhír incháilithe mar risíocht ar mhiondíol.

Beidh luach láithreach na n-íocaíochtaí léasa íosta ar mhiondíol incháilithe mar risíocht ar mhiondíol.

▼M8

Risíochtaí i ngeall ar iasachtaí arna ndeonú ag institiúid chreidmheasa do phinsinéirí nó d'fhostaithe a bhfuil conradh buan in aghaidh aistriú neamhchoinníollach cuid de phinsean nó de thuarastal an iasachtaí chuig an institiúid chreidmheasa sin, sannfar ualú priacail 35 % dóibh, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha ar fad seo a leanas:

(a) chun an iasacht a aisíoc, údaraíonn an t-iasachtaí go neamhchoinníollach don chiste pinsin nó don fhostóir íocaíochtaí díreacha a dhéanamh leis an institiúid chreidmheasa trí na híocaíochtaí míosúla ar an iasacht a bhaint as tuarastal míosúil nó pinsean an iasachtaí;

(b) go gclúdaítear go cuí na priacail ar bhás, éagumas chun oibre, dífhostaíocht nó laghdú ar phinsean nó tuarastal glan míosúil an iasachtaí le polasaí árachais a bheidh frithgheallta ag an iasachtaí chun tairbhe na hinstitiúide creidmheasa;

(c) nach mó ná 20 % de phinsean nó tuarastal glan míosúil an iasachtaí na híocaíochtaí míosúla atá le déanamh ag an iasachtaí ar na hiasachtaí uile a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i bpointí (a) agus (b);

▼M8

(d) go bhfuil uastréimhse aibíochta bunaidh na hiasachta cothrom le deich mbliana nó níos giorra ná sin.

*Airteagal 124*

**Risíochtaí arna n-urrú le morgáistí ar maoin dhochorraithe**

1. I gcás risíocht nó aon chuid de risíocht atá urraithe go hiomlán le morgáiste ar mhaoin dhochorraithe, déanfar ualú priacail cothrom le 100 % a shannadh di, i gcás nach gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 125 nó Airteagal 126, cé is moite d'aon chuid den risíocht atá sannta d'aicme risíochta eile. Déanfar an t-ualú priacail is infheidhme maidir le risíochtaí gan urrús an chontrapháirtí lena mbaineann a shannadh don chuid den risíocht lena sáraítear luach morgáiste na maoine dochorraithe.

Ní bheidh an chuid sin de risíocht a láimhseáiltear mar risíocht atá urraithe go hiomlán le maoin dhochorraithe níos mó ná an méid atá curtha i ngeall den mhargadhluach nó, sna Ballstáit sin a bhfuil critéir dhiana leagtha síos acu i bhforálacha reachtúla nó rialála chun measúnú a dhéanamh ar an luach iasachta morgáiste, luach iasachta morgáiste na maoine dochorraithe atá i gceist.

1a. Ainmneoidh na Ballstáit údarás a bheidh freagrach as mír 2 a chur i bhfeidhm. Is é an t-údarás inniúil nó an t-údarás ainmnithe a bheidh san údarás sin a ainmneofar.

I gcás inarb é an t-údarás inniúil an t-údarás arna ainmniú ag an mBallstát chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm, áiritheoidh sé go gcuirfear na comhlachtaí agus údaráis ábhartha náisiúnta ag a bhfuil sainordú macrastuamachta ar an eolas go cuí maidir le rún an údaráis inniúil úsáid a bhaint as an Airteagal seo, agus go mbeidh siad rannpháirteach go hiomchuí i measúnú na n-ábhar imní maidir le cobhsaíocht airgeadais ina Bhallstát i gcomhréir le mír 2.

I gcás nach é an t-údarás inniúil an t-údarás arna ainmniú ag an mBallstát chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm, glacfaidh an Ballstát na forálacha is gá chun comhordú agus malartú cuí faisnéise idir an t-údarás inniúil agus an t-údarás ainmnithe a áirithiú le go gcuirfear an tAirteagal seo i bhfeidhm go cuí. Go háirithe, ceanglófar ar údaráis comhoibriú go dlúth agus an fhaisnéis ar fad a chomhroinnt a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun go ndéanfaidh siad go leordhóthanach na dualgais a fhorchuirtear ar an údarás ainmnithe de bhun an Airteagail seo. Beidh sé d'aidhm leis an gcomhar sin aon chineál gníomhaíochta dúbailtí nó neamh-chomhsheasmhaí idir an t-údarás inniúil agus an t-údarás ainmnithe a sheachaint, agus a áirithiú go gcuirfear san áireamh go cuí aon idirghníomhaíocht le bearta eile, go háirithe na bearta arna nglacadh faoi Airteagal 458 den Rialachán seo agus faoi Airteagal 133 de Threoir 2013/36/AE.

2. Bunaithe ar na sonraí a bailíodh faoi Airteagal 430a, agus ar aon táscairí ábhartha eile, déanfaidh an t-údarás arna ainmniú i gcomhréir le mír 1a den Airteagal seo measúnú, go tréimhsiúil, agus go bliantúil ar a laghad, an bhfuil an t-ualú priacail 35 % oiriúnach i gcás risíochtaí ar dheighleog amháin maoine nó níos mó atá urraithe le morgáistí ar

▼M8

mhaoin chónaithe dá dtagraítear in Airteagal 125 atá suite i gcuid amháin nó i gcodanna de chríoch Bhallstáit an údaráis ábhartha agus an bhfuil an t-ualú priacail 50 % i gcás oiriúnach risíochtaí atá urraithe ag morgáistí ar mhaoin tráchtála dhochorraithe dá dtagraítear in Airteagal 126 atá suite i gcuid amháin nó i gcodanna de chríoch Bhallstáit an údaráis ábhartha, agus an measúnú sin bunaithe ar an méid a leanas:

(a) caillteanas taithí na risíochtaí atá urraithe le maoin dhochorraithe;

(b) forbairtí réamhbhreathnaitheacha sna margaí maoine dochorraithe.

I gcás ina mbeidh an t-údarás arna ainmniú i gcomhréir le mír 1a den Airteagal seo den tuairim, bunaithe ar an measúnú dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, nach léireofar go leordhóthanach sna hualuithe priacail a leagtar amach in Airteagal 125(2) nó in 126(2) na priacail iarbhír a bhaineann le risíochtaí maidir le deighleog amháin maoine nó maidir le níos mó deighleog maoine risíochtaí arna n-urrú go hiomlán le morgáistí ar mhaoin chónaithe nó ar réadmhaoin tráchtála dhochorraithe a lonnaítear i gcuid amháin nó i gcodanna de chríoch Bhallstát an údaráis ábhartha, agus má mheasann sé go bhféadfadh neamhleordhóthanacht na n-ualuithe priacail difear díobhálach a dhéanamh ar chobhsaíocht airgeadais faoi láthair nó amach anseo ina Bhallstát, féadfaidh sé na hualuithe priacail is infheidhme ar na risíochtaí sin a mhéadú laistigh de na raonta a socraítear sa cheathrú fomhír den mhír seo nó féadfaidh sé critéir a fhorchur atá níos déine ná na critéir a leagtar amach in Airteagal 125(2) nó 126(2).

Tabharfaidh an t-údarás arna ainmniú i gcomhréir le mír 1a den Airteagal seo fógra do ÚBE agus do BERS faoi aon choigeartuithe ar na hualuithe priacail agus ar na critéir a chuirfear i bhfeidhm de bhun na míre seo. Faoi cheann mí amháin ón bhfógra réamhluaite a fháil, cuirfidh ÚBE agus BERS a dtuairimí in iúl don Bhallstát lena mbaineann. Foilseoidh ÚBE agus BERS na hualuithe priacail agus na critéir le haghaidh risíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 125, Airteagal 126 agus i bpointe (a) d'Airteagal 199(1) mar a chuir an t-údarás ábhartha chun feidhme iad.

Chun críocha an dara fomhír den mhír seo féadfaidh an t-údarás arna inmniú i gcomhréir le mír 1a na hualuithe priacail a shocrú faoi na raonta seo a leanas:

(a) 35 % go 150 % do risíochtaí arna n-urrú le morgáistí ar mhaoin chónaithe;

(b) 50 % go 150 % do risíochtaí arna n-urrú le morgáistí ar mhaoin tráchtála dhochorraithe.

3. I gcás ina ndéanfaidh an t-údarás arna ainmniú i gcomhréir le mír 1a ualú priacail níos airde nó critéir níos déine a shocrú de bhun an dara fomhír de mhír 2, beidh idirthréimhse sé mhí ag institiúidí chun an t-ualú priacail nua a chur i bhfeidhm.

▼M8

4. Déanfaidh ÚBE, i ndlúthchomhar le BERS, dréachtchaighdeáin theicniúla a fhorbairt chun na critéir dhiana chun measúnú a dhéanamh ar an luach iasachta morgáiste dá dtagraítear i mír 1 a shainiú agus na cineálacha fachtóirí atá le meas chun a iomchuí atá na hualuithe priacail dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 2 a mheasúnú.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2019.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún an chumhacht chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

5. Féadfaidh BERS, trí bhíthin moltaí i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010, agus i ndlúthchomhar le ÚBE, treoir a thabhairt do na húdaráis a ainmneofar i gcomhréir le mír 1a den Airteagal seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) fachtóirí a d'fhéadfadh “difear díobhálach a dhéanamh do chobhsaíocht airgeadais faoi láthair nó amach anseo” dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 2; agus

(b) tagarmharcanna táscacha atá le cur san áireamh ag an údarás arna ainmniú i gcomhréir le mír 1a agus ualuithe priacail níos airde á socrú.

6. Cuirfidh institiúidí Ballstáit na hualuithe priacail agus na critéir arna gcinneadh ag údaráis de chuid Ballstáit eile i gcomhréir le mír 2 i bhfeidhm maidir lena risíochtaí uile atá urraithe le morgáistí ar mhaoin chónaithe nó ar mhaoin tráchtála dhochorraithe atá suite i gcuid amháin nó i gcodanna den Bhallstát sin.

▼B

*Airteagal 125*

**Risíochtaí arna n-urrú go hiomlán le morgáistí ar mhaoin chónaithe**

1. Mura gcinneann na húdaráis inniúla a mhalairt i gcomhréir le hAirteagal 124(2), is mar seo a leanas a láimhseálfar risíochtaí arna n-urrú go hiomlán le morgáistí ar mhaoin chónaithe:

(a) déanfar ualú priacal 35 % a shannadh do risíochtaí nó d'aon chuid de risíocht arna n-urrú go hiomlán le morgáistí ar mhaoin chónaithe atá nó a bheidh áitithe nó ar cíos ag an úinéir, nó ag an úinéir tairbhiúil i gcás cuideachtaí infheistíochta pearsanta;

▼B

(b) déanfar ualú priacal cothrom le 35 % a shannadh do risíochtaí ar thionónta faoi idirbheart léasaithe maoine maidir le maoin chónaithe faoinarb í an institiúid an léasóir agus tá sé de rogha ag an tionónta í a cheannach, ar an gcoinníoll go bhfuil an risíocht ar an institiúid urraithe go hiomlán lena húinéireacht ar an maoin.

2. Ní mheasfaidh institiúidí go bhfuil risíocht nó aon chuid de risíocht urraithe go hiomlán chun críocha mhír 1, ach amháin nuair a chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) ní bheidh luach na maoine ag brath go hábhartha ar cháilíocht chreidmheasa an iasachtaí. Féadfaidh institiúidí cásanna a fhágáil ar lár i gcás go mbíonn tionchar ag tosca atá go hiomlán maicreacnamaíoch ar luach na maoine agus ar fheidhmíocht an iasachtaí araon óna gcinneadh maidir le hábharthacht spleáchais den sórt sin;

(b) ní bheidh priacal an iasachtaí ag brath go hábhartha ar fheidhmíocht na maoine nó an tionscadail a fholuíonn é, ach ar chumas foluiteach an iasachtaí an fiachas a aisíoc ó fhoinsí eile, agus mar iarmhairt air sin, ní bheidh aisíoc na saoráide ag brath go hábhartha ar aon sreabhadh airgid arna ghiniúint ag an maoin fholuiteach agus í ag fónamh mar chomhthaobhacht. Maidir leis na foinsí eile sin, déanfaidh institiúidí na cóimheasa uasta iasachta/ioncaim mar chuid dá mbeartas iasachtaithe agus gheobhaidh siad fianaise oiriúnach ar an ioncam iomchuí nuair a thabharfaidh siad an iasacht.

(c) comhlíontar na ceanglais atá leagtha amach in Airteagal 208 agus na rialacha luachála atá leagtha amach in Airteagal 229(1);

(d) mura gcinntear a mhalairt faoi Airteagal 124(2), an chuid den iasacht a bhfuil ualú priacal cothrom le 35 % sannta di, ní sháróidh sí 80 % de mhargadhluach na maoine atá i gceist, nó 80 % de luach iasachta morgáiste na maoine atá i gceist sna Ballstáit sin inar leagadh síos critéir dhiana i bhforálacha reachtúla nó rialála chun measúnú a dhéanamh ar an luach iasachta morgáiste.

3. Féadfaidh institiúidí pointe (b) de mhír 2 a mhaolú i gcás risíochtaí arna n-urrú go hiomlán le morgáistí ar mhaoin chónaithe atá suite laistigh de chríoch Ballstáit, i gcás inar fhoilsigh údarás inniúil an Bhallstáit sin fianaise a léiríonn go bhfuil margadh maoine cónaithe atá dea-fhorbartha agus seanbhunaithe sa chríoch sin ag a bhfuil rátaí caillteanais nach mó ná na teorainneacha seo a leanas:

(a) caillteanais a eascraíonn ó iasachtú atá comhthaobhaithe le maoin chónaithe suas go dtí 80 % den mhargadhluach nó ní sháraíonn 80 % den luach iasachta morgáiste, mura gcinntear a mhalairt faoi Airteagal 124(2), 0.3 % de na hiasachtaí gan íoc atá comhthaobhaithe le maoin chónaithe in aon bhliain faoi leith;

(b) caillteanais fhoriomlána a eascraíonn ó iasachtú atá comhthaobhaithe le maoin chónaithe nach mó ná 0.5 % de na hiasachtaí gan íoc atá comhthaobhaithe le maoin chónaithe in aon bhliain faoi leith.

▼B

4. I gcás nach gcomhlíontar ceann na teorainneacha dá dtagraítear i mír 3 in aon bhliain faoi leith, scoirfear de bheith incháilithe chun mír 3 a úsáid agus beidh feidhm ag an gcoinníoll atá i mír 2(b) go dtí go gcomhlíontar na coinníollacha i mír 3 i mbliain ina dhiaidh sin.

*Airteagal 126*

**Risíochtaí arna n-urrú go hiomlán le morgáistí ar mhaoin thráchtála dhochorraithe**

1. Mura gcinneann na húdaráis inniúla a mhalairt i gcomhréir le hAirteagal 124(2), is mar seo a leanas a láimhseálfar risíochtaí arna n-urrú go hiomlán le morgáistí ar mhaoin thráchtála dhochorraithe:

(a) féadfar ualú priacal cothrom le 50 % a shannadh do risíochtaí nó d'aon chuid de risíocht arna n-urrú go hiomlán le morgáistí ar oifigí nó ar áitribh thráchtála eile;

(b) féadfar ualú priacal cothrom le 50 % a shannadh do risíochtaí a bhaineann le hidirbhearta léasaithe maoine maidir le hoifigí nó áitribh thráchtála eile faoinarb í an institiúid an léasóir agus tá sé de rogha ag an tionónta í a cheannach, ar an gcoinníoll go bhfuil an risíocht ar an institiúid urraithe go hiomlán lena húinéireacht ar an maoin.

2. Ní mheasfaidh institiúidí go bhfuil risíocht nó aon chuid de risíocht urraithe go hiomlán chun críocha mhír 1, ach amháin nuair a chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) ní bheidh luach na maoine ag brath go hábhartha ar cháilíocht chreidmheasa an iasachtaí. Féadfaidh institiúidí cásanna a fhágáil ar lár i gcás go mbíonn tionchar ag tosca atá go hiomlán maicreacnamaíoch ar luach na maoine agus ar fheidhmíocht an iasachtaí araon óna gcinneadh maidir le hábharthacht spleáchais den sórt sin;

(b) ní bheidh priacal an iasachtaí ag brath go hábhartha ar fheidhmíocht na maoine nó an tionscadail a fholuíonn é, ach ar chumas foluiteach an iasachtaí an fiachas a aisíoc ó fhoinsí eile, agus mar iarmhairt air sin, ní bheidh aisíoc na saoráide ag brath go hábhartha ar aon sreabhadh airgid arna ghiniúint ag an maoin fholuiteach agus í ag fónamh mar chomhthaobhacht.

(c) comhlíontar na ceanglais atá leagtha amach in Airteagal 208 agus na rialacha luachála atá leagtha amach in Airteagal 229(1);

(d) Déanfar ualú priacal cothrom le 50 %, mura bhforáiltear a mhalairt faoi Airteagal 124(2), a shannadh don chuid sin den iasacht nach mó ná 50 % de mhargadhluach na maoine nó 60 %, mura bhforáiltear a mhalairt faoi Airteagal 124(2), de luach iasachta morgáiste na maoine atá i gceist sna Ballstáit sin inar leagadh síos critéir dhiana i bhforálacha reachtúla nó rialála chun measúnú a dhéanamh ar an luach iasachta morgáiste.

▼C2

3. Féadfaidh institiúidí pointe (b) de mhír 2 a mhaolú i gcás risíochtaí arna n-urrú go hiomlán le morgáistí ar mhaoin thráchtála dhochorraithe atá suite laistigh de chríoch Ballstáit, i gcás inar fhoilsigh údarás inniúil an Bhallstáit sin fianaise a léiríonn go bhfuil margadh maoine dochorraithe atá dea-fhorbartha agus seanbhunaithe sa chríoch sin ag a bhfuil rátaí caillteanais nach sáraíonn na teorainneacha seo a leanas:

▼B

(a) caillteanais a eascraíonn ó iasachtú atá comhthaobhaithe le maoin thráchtála dhochorraithe suas go dtí 50 % den mhargadhluach nó nach sáraíonn 60 % den luach iasachta morgáiste mura gcinntear a mhalairt faoi Airteagal 124(2) 0,3 % de na hiasachtaí gan íoc atá comhthaobhaithe le maoin thráchtála dhochorraithe;

(b) caillteanais fhoriomlána a eascraíonn ó iasachtú atá comhthaobhaithe le maoin thráchtála dhochorraithe nach mó ná 0.5 % de na hiasachtaí gan íoc atá comhthaobhaithe le maoin thráchtála dhochorraithe.

4. I gcás nach gcomhlíontar ceann de na teorainneacha dá dtagraítear i mír 3 in aon bhliain faoi leith, scoirfear de bheith incháilithe chun mír 3 a úsáid agus beidh feidhm ag an gcoinníoll atá i mír 2(b) go dtí go gcomhlíontar na coinníollacha i mír 3 i mbliain ina dhiaidh sin.

*Airteagal 127*

**Risíocht ar mhainneachtain**

▼M7

1. I gcás na coda neamhurraithe d'aon ítim ar ina leith a mhainnigh an t-oibleagáideoir i gcomhréir le hAirteagal 178, nó i gcás risíochtaí ar mhiondíol, sannfar ualú priacail atá cothrom leis na nithe seo a leanas don chuid neamhurraithe d'aon saoráid chreidmheasa a mhainnigh i gcomhréir le hAirteagal 178:

(a) 150 %, i gcás ina mbeadh suim na gcoigeartuithe sonracha i leith priacal creidmheasa agus na méideanna arna n-asbhaint i gcomhréir le pointe (m) d'Airteagal 36(1) níos lú ná 20 % den chuid neamhurraithe de luach na risíochta dá mba rud é nár cuireadh na coigeartuithe sonracha i leith priacal creidmheasa agus na hasbhaintí sin i bhfeidhm;

(b) 100 %, i gcás nach mbeadh suim na gcoigeartuithe sonracha i leith priacal creidmheasa agus na méideanna arna n-asbhaint i gcomhréir le pointe (m) d'Airteagal 36(1) níos lú ná 20 % den chuid neamhurraithe de luach na risíochta dá mba rud é nár cuireadh na coigeartuithe sonracha i leith priacal creidmheasa agus na hasbhaintí sin i bhfeidhm.

▼B

2. Ar mhaithe leis an gcuid urraithe den ítim atá thar téarma a chinneadh, is í an chomhthaobhacht incháilithe agus na ráthaíochtaí incháilithe iad sin atá incháilithe chun críocha maolaithe priacal creidmheasa faoi Chaibidil 4.

3. Sannfar ualú priacal cothrom le 100 % do luach na risíochta a bheidh ann tar éis coigeartuithe sonracha maidir le priacal creidmheasa ar risíochtaí, arna n-urrú go hiomlán le morgáistí ar mhaoin chónaithe i gcomhréir le hAirteagal 125 i gcás gur tharla mainneachtain i gcomhréir le hAirteagal 178.

4. Sannfar ualú priacal cothrom le 100 % do luach na risíochta a bheidh ann tar éis coigeartuithe sonracha maidir le priacal creidmheasa ar risíochtaí, arna n-urrú go hiomlán le morgáistí ar mhaoin thráchtála dhochorraithe i gcomhréir le hAirteagal 126 i gcás gur tharla mainneachtain i gcomhréir le hAirteagal 178.

▼B

*Airteagal 128*

**Ítimí a mbaineann priacal fíor-ard leo**

▼M8

1. Sannfaidh institiúidí ualú priacail 150 % ar risíochtaí a mbaineann priacal fíor-ard leo.

2. Chun críocha an Airteagail seo, láimhseálfaidh institiúidí aon cheann de na risíochtaí seo a leanas ar aon dul le risíochtaí a mbaineann priacal fíor-ard leo:

(a) infheistíochtaí i ngnólachtaí caipitil fiontair, ach amháin i gcás ina láimhseáiltear na hinfheistíochtaí sin i gcomhréir le hAirteagal 132;

(b) infheistíochtaí i gcothromas príobháideach, ach amháin i gcás ina láimhseáiltear na hinfheistíochtaí sin i gcomhréir le hAirteagal 132;

(c) maoiniú amhantrach maoine dochorraithe.

▼B

3. Agus measúnú á dhéanamh féachaint an bhfuil baint ag risíocht seachas risíochtaí dá dtagraítear i mír 2 le priacal fíor-ard, cuirfidh institiúidí na saintréithe priacal seo a leanas san áireamh:

(a) tá priacal ard caillteanais ann mar thoradh ar mhainneachtain an oibleagáideora;

(b) ní féidir a mheas go leormhaith an dtagann an risíocht faoi phointe (a).

Eiseoidh ÚBE treoirlínte ag sonrú cé na cineálacha risíochtaí a bhfuil priacal fíor-ard ag baint leo agus na dálaí faoina bhfuil sé sin amhlaidh.

Glacfar leis na treoirlínte sin i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 129*

**Risíochtaí i bhfoirm bannaí faoi chumhdach**

1. ►M10 Chun bheith incháilithe don láimhseáil fhabhrach a leagtar amach i míreanna 4 agus 5 den Airteagal seo, leis na bannaí faoi chumhdach mar a shainmhínítear i bpointe (1) d'Airteagal 3 de Threoir (AE) 2019/2162 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, [1] comhlíonfar na ceanglais a leagtar amach i míreanna 3, 3a agus 3b den Airteagal sin agus déanfar iad a chomhthaobhú le haon cheann de na sócmhainní incháilithe seo a leanas: ◄

(a) risíochtaí ar nó ráthaithe ag rialtais láir, bainc cheannais CEBC, eintitis san earnáil phoiblí, rialtais réigiúnacha nó údaráis áitiúla san Aontas;

[1] Treoir (AE) 2019/2162 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le heisiúint bannaí faoi chumhdach agus maoirseacht phoiblí ar bhannaí faoi chumhdach agus lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE agus 2014/59/AE (IO C 328, 18.12.2019, lch. 29).

▼B

(b) risíochtaí ar nó ráthaithe ag rialtais láir tríú tíortha, bainc cheannais tríú tíortha, bainc forbartha iltaobhacha, eagraíochtaí idirnáisiúnta a cháilíonn do bheart cáilíochta creidmheasa 1 mar atá leagtha amach sa Chaibidil seo, agus risíochtaí ar nó ráthaithe ag eintitits na hearnála poiblí tríú tíortha, rialtais réigiúnacha tríú tíortha nó údaráis áitiúla tríú tíortha atá ualaithe ó thaobh priacal mar risíochtaí ar institiúidí nó ar rialtais láir nó ar bhainc cheannais i gcomhréir le hAirteagal 115(1) nó (2), nó le hAirteagal 116(1), (2) nó (4) faoi seach agus a cháilíonn don bheart cáilíochta creidmheasa 1 mar atá leagtha amach sa Chaibidil seo, agus risíochtaí i gcomhthéacs an phointe seo a cháilíonn do bheart cáilíochta creidmheasa 2 mar atá leagtha amach sa Chaibidil seo, ar an gcoinníoll nach mó iad ná 20 % de mhéid ainmniúil na mbannaí faoi chumhdach gan íoc atá ag institiúidí eisiúna;

▼M10

(c) risíochtaí ar institiúidí creidmheasa a cháilíonn do chéim 1 den cháilíocht chreidmheasa nó do chéim 2 den cháilíocht chreidmheasa, nó risíochtaí ar institiúidí creidmheasa a cháilíonn do chéim 3 den cháilíocht chreidmheasa i gcás ina bhfuil na risíochtaí sin sna foirmeacha seo a leanas:

(i) taiscí gearrthéarma lena ngabhann aibíocht bhunaidh nach mó ná 100 lá, i gcás ina n-úsáidtear na taiscí sin chun an ceanglas um maolán leachtachta le haghaidh comhthiomsú cumhdaigh in Airteagal 16 de Threoir (AE) 2019/2019/2162 a chomhlíonadh; nó

(ii) conarthaí díorthacha a chomhlíonann ceanglais Airteagal 11(1) den Treoir sin, i gcás ina bhfuil sin ceadaithe ag na húdaráis inniúla;

(d) iasachtaí a urraítear le maoin chónaithe suas go dtí an méid is ísle as méideanna phríomhshuimeanna na lian atá cónasctha le haon lian roimhe sin agus 80 % de luach na maoine atá curtha i ngeall;

▼B

(e) iasachtaí cónaithe arna n-urrú ag soláthraí cosanta incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 201, a cháilíonn le haghaidh céim 2 den cháilíocht chreidmheasa nó os a chionn, mar a leagtar amach sa Chaibidil seo, i gcás nach mbeidh an chuid de gach ceann de na hiasachtaí a úsáidtear chun an gceanglas a leagtar amach sa mhír seo maidir le hurrús comhthaobhach an bhanna faoi chumhdach a chomhlíonadh níos mó ná 80 % de luach na maoine cónaithe comhfhreagraí a bheidh lonnaithe sa Fhrainc, agus i gcás ina n-urramaítear cóimheas iasacht/ioncaim 33 % ar a mhéid i gcás ina gceadaítear iasacht. Ní bheidh níos mó lian morgáiste ar an maoin chónaithe nuair a cheadófar an iasacht, agus i gcás na n-iasachtaí a cheadófar ón 1 Eanáir 2014, beidh an t-iasachtaí faoi cheangal conarthach gan liain mar sin a cheadú gan toiliú ón institiúid chreidmheasa a cheadaíonn an iasacht. Seasann an cóimheas iasachta/ioncaim do sciar d'ollioncam an iasachtaí lena gcumhdaítear aisíoc na hiasachta, ús san áireamh. Is institiúid airgeadais a bheidh údaraithe ag na húdaráis inniúla agus a ndéanfaidh na húdaráis maoirseacht orthu a bheidh i soláthraí na cosanta agus beidh sí faoi réir ceanglas stuamachta atá inchomparáide leo sin a chuirtear i bhfeidhm maidir le hinstitiúidí i dtéarmaí stóinseachta institiúide nó gnóthais árachais. Bunóidh sé comhchiste ráthaíochta nó cosaint

▼B

choibhéiseach do ghnóthais árachais chun caillteanais priacal creidmheas a sheasamh, agus déanfaidh na húdaráis inniúla an calabrú a athbhreithniú ar bhonn tréimhsiúil. ►C2 Déanfaidh an institiúid chreidmheasa agus soláthraí na cosanta araon measúnú ar acmhainneacht creidmheasa ar an iasachtaí; ◄

▼M10

(f) iasachtaí a urraítear le maoin tráchtála dhochorraithe suas go dtí an méid is ísle as méideanna phríomhshuimeanna na lian atá cónasctha le haon lian roimhe sin agus 60 % de luach na maoine atá curtha i ngeall. Tá iasachtaí arna n-urrú le maoin tráchtála dhochorraithe incháilithe i gcás ina ndéantar cóimheas iasachta/luacha 60 % a shárú suas go dtí uasleibhéal 70 % más mó ná 10 % ar a laghad an sárú a dhéanann luach na sócmhainní iomlána atá curtha i ngeall mar chomhthaobhacht do na bannaí faoi chumhdach ar an méid ainmniúil gan íoc ar an mbanna faoi chumhdach, agus ina gcomhlíonann éileamh na sealbhóirí bannaí na ceanglais maidir le deimhneacht dhlíthiúil atá leagtha amach i gCaibidil 4. Beidh tús áite ag éileamh na sealbhóirí bannaí thar gach éileamh eile a dhéanfar ar an gcomhthaobhacht;

▼B

(g) iasachtaí a urraítear le liain mhuirí ar longa suas go dtí an difríocht idir 60 % de luach na longa atá curtha i ngeall agus luach aon lian muirí a bhí ann roimhe sin.

▼M10

Chun críocha mhír 1a, maidir le risíochtaí a tharla de dhroim tharchur agus bhainistiú íocaíochtaí na n-oibleagáideoirí i leith iasachtaí arna n-urrú le maoin gheallta de chuid na n-urrús fiachais nó de dhroim tharchur agus bhainistiú na bhfáltas leachtachta i dtaca le hiasachtaí den sórt sin, ní chuirfear san áireamh iad i ríomh na dteorainneacha dá dtagraítear sa mhír sin.

___

1a. Chun críocha phointe (c) den chéad fhomhír de mhír 1, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) i gcás risíochtaí ar institiúidí creidmheasa a cháilíonn do chéim 1 den cháilíocht chreidmheasa, ní rachaidh an risíocht thar 15 % de mhéid ainmniúil na mbannaí faoi chumhdach gan íoc atá ag an institiúid creidmheasa eisiúna;

(b) i gcás risíochtaí ar institiúidí creidmheasa a cháilíonn do chéim 2 den cháilíocht chreidmheasa, ní rachaidh an risíocht thar 10 % de mhéid ainmniúil na mbannaí faoi chumhdach gan íoc atá ag an institiúid creidmheasa eisiúna;

(c) i gcás risíochtaí ar institiúidí creidmheasa a cháilíonn do chéim 3 den cháilíocht chreidmheasa a bheidh i bhfoirm taiscí gearrthéarma, dá dtagraítear i bpointe (c)(i) den chéad fhomhír de mhír 1 den Airteagal seo, nó i bhfoirm conarthaí díorthacha, dá dtagraítear i bpointe (c)(ii) den chéad fhomhír de mhír 1 den Airteagal seo, ní rachaidh an risíocht iomlán thar 8 % de mhéid ainmniúil na mbannaí faoi chumhdach gan íoc atá ag an institiúid creidmheasa eisiúna; maidir leis na húdaráis inniúla arna n-ainmniú de bhun Airteagal 18(2) de Threoir (AE) 2019/2019/2162, féadfaidh siad, tar éis dóibh dul i gcomhairle le ÚBE, risíochtaí a cheadú ar institiúidí creidmheasa a cháilíonn do chéim 3 den cháilíocht chreidmheasa i bhfoirm conarthaí díorthach, ar choinníoll gur féidir doiciméadú a dhéanamh ar fhadhbanna suntasacha comhchruinnithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn sna Ballstáit lena mbaineann mar thoradh ar na ceanglais i leith chéim 1 agus 2 den cháilíocht chreidmheasa dá dtagraítear sa mhír seo a chur i bhfeidhm;

▼**M10**

(d) maidir leis an risíocht iomlán ar institiúidí creidmheasa a cháilíonn do chéim 1, 2 nó 3 den cháilíocht chreidmheasa, ní rachaidh sí thar 15 % de mhéid ainmniúil na mbannaí faoi chumhdach gan íoc atá ag an institiúid creidmheasa eisiúna agus maidir leis an risíocht iomlán ar institiúidí creidmheasa a cháilíonn do chéim 2 nó 3 den cháilíocht chreidmheasa, ní rachaidh sí thar 10 % de mhéid ainmniúil na mbannaí faoi chumhdach gan íoc atá ag an institiúid creidmheasa eisiúna.

1b. Ní bheidh feidhm ag mír 1a den Airteagal seo maidir le húsáid bannaí faoi chumhdach mar chomhthaobhacht incháilithe mar a cheadaítear de bhun Airteagal 8 de Threoir (AE) 2019/2019/2162.

1c. Chun críocha phointe (d) den chéad fhomhír de mhír 1, beidh feidhm ag an teorainn 80 % ar bhonn iasacht ar iasacht, cinnfear léi an sciar den iasacht a chuirtear san áireamh i gcumhdach na ndliteanas atá nasctha leis an mbanna faoi chumhdach, agus beidh feidhm aici i rith aibíocht iomlán na hiasachta.

1d. Chun críocha phointí (f) agus (g) den chéad fhomhír de mhír 1, beidh feidhm ag na teorainneacha 60 % nó 70 % ar bhonn iasacht ar iasacht, cinnfear leo an sciar den iasacht a chuirtear san áireamh i gcumhdach na ndliteanas atá nasctha leis an mbanna faoi chumhdach, agus beidh feidhm acu i rith aibíocht iomlán na hiasachta.

▼**B**

2. Áireofar freisin sna cásanna dá dtagraítear i mír 1(a) go (f) comhthaobhacht atá srianta go heisiach ag reachtaíocht chun sealbhóirí bannaí a chosaint i gcoinne caillteanas.

▼**M10**

3. I gcás maoin dhochorraithe agus longa a chomthaobhaíonn bannaí faoi chumhdach a chomhlíonann an Rialachán seo, comhlíonfar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 208. An faireachán a dhéantar ar luachanna maoine i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 208(3), déanfar é go minic agus uair sa bhliain ar a laghad i gcás gach maoine dochorraithe agus loinge.

3a. Sa bhreis ar na sócmhainní incháilithe a liostaítear i mír 1 den Airteagal seo a chomhthaobhú, beidh bannaí faoi chumhdach faoi réir íosleibhéal ró-urrúsaithe chomhthaobhaigh 5 % mar a shainmhínítear i bpointe (14) d'Airteagal 3 de Threoir (AE) 2019/2019/2162.

Chun críocha na chéad fhomhíre den mhír seo, beidh méid ainmniúil iomlán na sócmhainní cumhdaigh uile mar a shainmhínítear i bpointe (4) d'Airteagal 3 den Treoir sin ar aon luach ar a laghad le méid ainmniúil iomlán na mbannaí faoi chumhdach gan íoc ("prionsabal ainmniúil") agus sócmhainní incháilithe amhail mar a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo a bheidh iontu.

Féadfaidh na Ballstáit íosleibhéal níos ísle ró-urrúsaithe chomhthaobhaigh a shocrú maidir le bannaí faoi chumhdach nó féadfaidh siad údarú a thabhairt dá n-údaráis inniúla leibhéal den sórt sin a shocrú, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na forálacha seo a leanas:

(a) tá ríomh an ró-urrúsaithe chomhthaobhaigh bunaithe ar chur chuige foirmiúil lena ndéantar priacal foluiteach na sócmhainní a chur san áireamh, sin nó tá luacháil na sócmhainní faoi réir an luacha iasachta morgáiste; agus

▼**M10**

(b) níl íosleibhéal an ró-urrúsaithe chomhthaobhaigh níos ísle ná 2 % bunaithe ar an bprionsabal ainmniúil dá dtagraítear in Airteagal 15(6) agus (7) de Threoir (AE) 2019/2019/2162.

Ní bheidh na sócmhainní a chuirtear san áireamh in íosleibhéal ró-urrúsaithe chomhthaobhaigh faoi réir na dteorainneacha ar mhéid risíochta amhail mar a leagtar amach i mír 1a agus ní áireofar iad faoi chomhair na dteorainneacha sin.

3b. Féadfar sócmhainní incháilithe a liostaítear i mír 1 den Airteagal seo a chur san áireamh sa chomhthiomsú cumhdaigh mar shócmhainní ionadaíochta mar a shainmhínítear i bpointe (13) d'Airteagal 3 de Threoir (AE) 2019/2019/2162, faoi réir na dteorainneacha ar cháilíocht chreidmheasa agus ar mhéid risíochta a leagtar amach i míreanna 1 agus 1a den Airteagal seo.

▼**B**

4. I gcás bannaí faoi chumhdach a bhfuil measúnú creidmheasa a rinne IMCS ainmnithe ar fáil ina leith, déanfar ualú priacal a shannadh dóibh i gcomhréir le Tábla 6a a chomhfhreagraíonn don mheasúnú creidmheasa a rinne an IMCS i gcomhréir le hAirteagal 136.

*Tábla 6a*

| Céim na cáilíochta creidmheasa | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ualú priacal | 10 % | 20 % | 20 % | 50 % | 50 % | 100 % |

5. I gcás bannaí faoi chumhdach nach bhfuil measúnú creidmheasa a rinne IMCS ainmnithe ar fáil ina leith, déanfar ualú priacal a shannadh dóibh ar bhonn an ualaithe priacal a sannadh do risíochtaí neamhurraithe sinsearacha ar an institiúid a eisíonn iad. Beidh feidhm ag an gcomhfhreagairt seo a leanas idir ualaí priacal:

(a) má dhéantar ualú priacal 20 % a shannadh do na risíochtaí ar an institiúid, déanfar ualú priacal 10 % a shannadh don bhanna faoi chumhdach;

(b) má dhéantar ualú priacal 50 % a shannadh do na risíochtaí ar an institiúid, déanfar ualú priacal 20 % a shannadh don bhanna faoi chumhdach;

(c) má dhéantar ualú priacal 100 % a shannadh do na risíochtaí ar an institiúid, déanfar ualú priacal 50 % a shannadh don bhanna faoi chumhdach;

(d) má dhéantar ualú priacal 150 % a shannadh do na risíochtaí ar an institiúid, déanfar ualú priacal 100 % a shannadh don bhanna faoi chumhdach.

▼**M10**

6. Ní bheidh bannaí faoi chumhdach a eisíodh roimh an 31 Nollaig 2007 faoi réir na gceanglas a leagtar síos i míreanna 1, 1a, 3, 3a agus 3b. Beidh siad incháilithe do láimhseáil fhabhrach faoi mhíreanna 4 agus 5 go dtí a n-aibíocht.

7. Bannaí faoi chumhdach a eisíodh roimh an 8 Iúil 2022 a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo is infheidhme ar dháta a n-eisiúna, ní bheidh siad faoi réir na gceanglas a leagtar síos i míreanna 3a agus 3b. Beidh siad incháilithe do láimhseáil fhabhrach faoi mhíreanna 4 agus 5 go dtí a n-aibíocht.

▼B

*Airteagal 130*

**Ítimí atá in ionannas le suímh urrúsaithe**

Déanfar méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal i dtaca le suímh urrúsaithe a chinneadh i gcomhréir le Caibidil 5.

*Airteagal 131*

**Risíochtaí ar institiúidí agus ar chorparáidí a bhfuil measúnú creidmheasa gearrthéarmach acu**

I gcás risíochtaí ar institiúidí agus ar chorparáidí a bhfuil measúnú creidmheasa gearrthéarmach a rinne IMCS ainmnithe ar fáil ina leith, déanfar ualú priacal a shannadh dóibh i gcomhréir le Tábla 7 a chomhfhreagraíonn don mheasúnú creidmheasa a rinne an IMCS i gcomhréir le hAirteagal 136.

*Tábla 7*

| Céim Cáilíochta Creidmheasa | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ualú priacal | 20 % | 50 % | 100 % | 150 % | 150 % | 150 % |

▼M8

*Airteagal 132*

**Ceanglais cistí dílse do risíochtaí atá i bhfoirm aonad nó scaireanna i GCanna**

1. Ríomhfaidh institiúidí méid risíochta a risíochtaí féin atá ualaithe ó thaobh priacal i bhfoirm aonad nó scaireanna i GC trí mhéid risíochta risíochtaí an GC atá ualaithe ó thaobh priacal, arna thomhas sin i gcomhréir leis na cineálacha cur chuige dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 2, a iolrú faoi chéatadán na n-aonad nó na scaireanna atá ag na hinstitiúidí sin.

2. I gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach i mír 3 den Airteagal seo, féadfaidh institiúidí cur chuige na trédhearcachta a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 132a(1) nó an cur chuige bunaithe ar shainordú a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 132a(2).

Faoi réir Airteagal 132b(2), na hinstitiúidí sin nach gcuirfidh cur chuige na trédhearcachta ná an cur chuige bunaithe ar shainordú i bhfeidhm, sannfaidh siad ualú priacail 1 250 % ("cur chuige cúltaca") ar na risíochtaí sin dá gcuid atá i bhfoirm aonad nó scaireanna i GC.

Féadfaidh institiúidí méid risíochta a risíochtaí féin atá ualaithe ó thaobh priacal i bhfoirm aonad nó scaireanna i GC a ríomh trí na cineálacha cur chuige dá dtagraítear sa mhír seo a chomhcheangal, ar chuntar go gcomhlíonfar na coinníollacha maidir leis na cineálacha cur chuige sin a úsáid.

3. Féadfaidh institiúidí méid risíochta risíochtaí GC atá ualaithe ó thaobh priacal a chinneadh i gcomhréir leis na cineálacha cur chuige a leagtar amach in Airteagal 132a i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas ar fad:

▼**M8**

(a) is ceann díobh seo a leanas an GC sin:

(i) gnóthas le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe (GCUI) atá faoi rialú ag Treoir 2009/65/CE;

(ii) ciste infheistíochta malartach (CIM) faoi bhainistiú bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha de chuid an Aontais Eorpaigh (BCIM AE) atá cláraithe faoi Airteagal 3(3) de Threoir 2011/61/AE;

(iii) CIM faoi bhainistiú BCIM AE atá údaraithe faoi Airteagal 6 de Threoir 2011/61/AE;

(iv) CIM faoi bhainistiú BCIM neamh-AE atá údaraithe faoi Airteagal 37 de Threoir 2011/61/AE;

(v) CIM neamh-AE faoi bhainistiú BCIM neamh-AE atá údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 42 de Threoir 2011/61/AE;

(vi) CIM neamh-AE nach margaítear san Aontas faoi bhainistiú BCIM neamh-AE atá bunaithe i dtríú tír a chumhdaítear faoi ghníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 67(6) de Threoir 2011/61/AE;

(b) áirítear an méid seo a leanas i réamheolaire an GC sin nó ina choibhéis de dhoiciméad:

(i) na catagóirí sócmhainní a bhfuil údarú ag an GC sin infheistiú iontu;

(ii) na teorainneacha coibhneasta agus na modheolaíochtaí chun iad a ríomh, más rud é go bhfuil feidhm ag teorainneacha infheistíochta;

(c) tá nósanna tuairiscithe an GC nó chuideachta bainistíochta an GC sin don institiúid i gcomhréir leis na ceanglais seo a leanas:

(i) déanfar risíochtaí an GC sin a thuairisciú chomh minic céanna, ar a laghad, le risíochtaí na hinstitiúide;

(ii) is leor gráinneacht na faisnéise airgeadais le gur féidir leis an institiúid méid risíochta an GC sin atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh i gcomhréir leis an gcur chuige a roghnóidh an institiúid;

(iii) déanfaidh tríú páirtí neamhspleách faisnéis faoi na risíochtaí foluiteacha a fhíorú i gcás ina gcuirfidh an institiúid cur chuige na trédhearcachta i bhfeidhm.

De mhaolú ar phointe (a) den chéad fhomhír den mhír seo, féadfaidh bainc forbartha iltaobhacha agus bainc forbartha déthaobhacha agus institiúidí eile a chomhinfheistíonn i GC le bainc forbartha iltaobhacha nó déthaobhacha méid risíochta risíochtaí GC atá ualaithe ó thaobh priacal a chinneadh i gcomhréir leis an gcur chuige a leagtar amach in Airteagal 132a, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach i bpointí (b) agus (c) den chéad fhomhír den mhír seo agus de réir teorannacha i sainordú infheistíochta GC nach féidir leis an GC sin infheistiú a dhéanamh in aon chineál sócmhainní eile seachas sócmhainní a chuireann forbairt inbhuanaithe chun cinn i dtíortha atá i mbéal forbartha.

▼M8

Tabharfaidh institiúidí fógra dá n-údarás inniúil faoi na GCanna sin a gcuireann siad na coinníollacha dá dtagraítear sa dara fomhír i bhfeidhm orthu.

De mhaolú ar phointe (c)(i) den chéad fhomhír, i gcás ina gcinnfidh an institiúid méid risíochta risíochtaí GC atá ualaithe ó thaobh priacal i gcomhréir leis an gcur chuige sainordú-bhunaithe, féadfar tuairisciú an GC sin nó chuideachta bainistíochta an GC sin don institiúid a theorannú do shainordú infheistíochta an GC sin agus d'aon athruithe ina leith agus ní fhéadfar an tuairisciú a dhéanamh ach amháin i gcás ina dtabhóidh an institiúid an risíocht don GC sin den chéad uair agus nuair a bheidh athrú ar shainordú infheistíochta an GC sin.

4. Féadfaidh institiúidí nach bhfuil leordhóthain sonraí nó faisnéise acu chun méid risíochta risíochtaí GC atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh i gcomhréir leis na cineálacha cur chuige a leagtar amach in Airteagal 132a, féadfaidh siad brath ar ríomhanna atá déanta ag tríú páirtí, ar chuntar go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas ar fad:

(a) is ceann díobh seo a leanas an tríú páirtí:

 (i) institiúid taisclainne nó institiúid taisclainne airgeadais an GC ar chuntar go ndéanfaidh an GC infheistíocht eisiach in urrúis agus go ndéanfaidh sí gach urrús a chur i dtaisce san institiúid taisclainne sin nó san institiúid taisclainne airgeadais sin;

 (ii) maidir le GCanna nach gcumhdaítear le pointe (i) den phointe seo, cuideachta bainistíochta an GC sin, ar choinníoll go gcomhlíonfaidh an chuideachta an coinníoll a leagtar amach i bpointe (a) de mhír 3;

(b) déanfaidh an tríú páirtí an ríomh i gcomhréir leis na cineálacha cur chuige a leagtar amach in Airteagal 132a(1), (2) nó (3) de réir mar is infheidhme;

(c) deimhneoidh iniúchóir seachtrach cruinneas an ríomha a rinne an tríú páirtí.

Institiúidí a bheidh ag brath ar ríomhanna atá déanta ag tríú páirtí, déanfaidh siad an méid risíochta, ualaithe ó thaobh priacail, de risíochtaí GC a thiocfaidh as na ríomhanna sin a iolrú faoi fhachtóir 1,2.

De mhaolú ar an dara fomhír, i gcás ina mbeidh rochtain neamhshrianta ag an institiúid ar ríomhanna mionsonraithe arna ndéanamh ag an tríú páirtí, ní bheidh feidhm ag an bhfachtóir 1,2. Tabharfaidh an institiúid na ríomhanna sin dá húdarás inniúil arna iarraidh sin uirthi.

5. I gcás ina gcuirfidh institiúid na cineálacha cur chuige dá dtagraítear in Airteagal 132(a) i bhfeidhm chun críche an méid risíochta, ualaithe ó thaobh priacail, de risíochtaí GC ("GC Leibhéal 1") a ríomh, agus i gcás inar risíocht i bhfoirm aonad nó scaireanna i GC eile ("GC Leibhéal 2") é aon cheann de risíochtaí foluiteacha an GC Leibhéal 1, féadfar an méid risíochta, ualaithe ó thaobh priacail, de risíochtaí an GC Leibhéal 2 a ríomh trí úsáid a bhaint as aon cheann de na trí chineál cur

▼M8

chuige ar a bhfuil tuairisc i mír 2 den Airteagal seo. Féadfaidh an institiúid cur chuige na trédhearcachta a úsáid chun na méideanna risíochta, ualaithe ó thaobh priacail, de risíochtaí an GC Leibhéal 3 a ríomh agus risíochtaí ar aon leibhéal ina dhiaidh sin i gcás inar úsáideadh an cur chuige sin chun an leibhéal roimhe sin a ríomh. In aon chás eile, bainfidh sí úsáid as an gcur chuige cúltaca.

6. Maidir leis an méid risíochta, ualaithe ó thaobh priacail, de risíochtaí GC arna ríomh i gcomhréir le cur chuige na trédhearcachta agus leis an gcur chuige bunaithe ar shainordú a leagtar amach in Airteagal 132a(1) agus (2), beidh uasteorainn leis arb ionann í agus an méid risíochta, ualaithe ó thaobh priacail, de risíochtaí an GC sin arna ríomh i gcomhréir leis an gcur chuige cúltaca.

7. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh institiúidí ag a bhfuil cur chuige na trédhearcachta á chur i bhfeidhm acu i gcomhréir le hAirteagal 132a(1) an méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal dá risíochtaí féin a ríomh i bhfoirm aonad nó scaireanna i GC trí mhéid risíochta na risíochtaí sin a iolrú, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 111, agus an t-ualú priacail ($RW_i^*$) arna ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle a leagtar amach in Airteagal 132c, ar chuntar go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) déanfaidh na hinstitiúidí luach a n-aonad nó scaireanna i GC a thomhas ar chostas stairiúil ach déanfaidh siad luach sócmhainní foluiteacha an GC a thomhas ar luach cóir má chuireann siad cur chuige na trédhearcachta i bhfeidhm;

(b) ní dhéanfaidh athrú i margadhluach na n-aonad nó na scaireanna ar a ndéanfaidh na hinstitiúidí an luach ar chostas stairiúil a thomhas aon difríocht do mhéid chistí dílse na n-institiúidí sin ná don luach risíochta a bhaineann leis na sealúchais sin.

*Airteagal 132a*

**Cineálacha cur chuige chun na méideanna risíochta, ualaithe ó thaobh priacail, de GCanna a ríomh**

1. I gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 132(3), institiúidí a bhfuil leordhóthain faisnéise acu faoi risíochtaí foluiteacha aonair GC, déanfaidh siad na risíochtaí sin a thrédhearcadh chun an méid risíochta, ualaithe ó thaobh priacail, de chuid an GC sin a ríomh, agus ualú priacail á dhéanamh acu ar gach risíocht fholuiteach de chuid an GC amhail agus dá mba leis na hinstitiúidí féin iad.

2. I gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 132(3), féadfaidh institiúidí nach bhfuil leordhóthain faisnéise acu faoi risíochtaí foluiteacha aonair GC chun cur chuige na trédhearcachta a úsáid, féadfaidh siad an méid risíochta, ualaithe ó thaobh priacail, de na risíochtaí sin a ríomh faoi na teorainneacha a socraíodh sa dlí ábhartha agus i sainordú an GC.

Chun críocha na chéad fhomhíre, déanfaidh na hinstitiúidí na ríomhanna, á ghlacadh leis go dtabhóidh an GC sin ar dtús risíochtaí go dtí an t-uasmhéid a cheadaítear dó faoina shainordú nó faoin reachtaíocht ábhartha sna risíochtaí a mbaineann an ceanglas cistí dílse is airde leo agus go leanfaidh siad de bheith ag tabhú risíochtaí in ord íslitheach go dtí go sroichfear an uasteorainn risíochta iomlán, agus go gcuirfidh an GC sin luamhánú i bhfeidhm go dtí an t-uasmhéid a cheadaítear dó faoina shainordú nó faoin dlí ábhartha, i gcás inarb infheidhme.

▼M8

Déanfaidh institiúidí na ríomhanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcomhréir leis na modhanna a leagtar amach sa Chaibidil seo, i gCaibidil 5 den Teideal seo, agus i Roinn 3, i Roinn 4 nó i Roinn 5 de Chaibidil 6 den Teideal seo.

3. De mhaolú ar phointe (d) d'Airteagal 92(3), féadfaidh institiúidí a ríomhfaidh an méid risíochta, ualaithe ó thaobh priacail de risíochtaí GC i gcomhréir le mír 1 nó 2 den Airteagal seo, féadfaidh siad méid is ionann agus 50 % de cheanglais císte dílse na risíochtaí díorthach sin a ríomh don cheanglais cistí dísle do phriacal coigeartaithe luachála creidmheasa a risíochtaí díorthach arna ríomh i gcomhréir le Roinn 3, le Roinn 4 nó le Roinn 5 de Chaibidil 6 den Teideal seo, de réir mar is infheidhme.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, agus an ceanglas cistí dísle do dhíorthach priacail ó choigeartú luachála creidmheasa á ríomh aici, féadfaidh institiúid risíochtaí a eisiamh ón ríomh sin nach mbeadh faoi réir an cheanglais i gcás inar thabhaigh an institiúid go díreach iad.

4. Ceapfaidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena shonrú conas a dhéanfaidh institiúidí an méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal dá dtagraítear i mír 2 a ríomh i gcás nach bhfuil fáil ar cheann amháin nó níos mó de na hionchuir is gá le haghaidh an ríomha sin.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Márta 2020.

Tarmligtear chuig an gCoimisiún an chumhacht chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 132b*

**Eisiaimh ó na cineálacha cur chuige chun na méideanna risíochta, ualaithe ó thaobh priacail, de chuid GCanna a ríomh**

1. Maidir leis na ríomhanna dá dtagraítear in Airteagal 132, féadfaidh institiúidí ionstraimí Gnáthchothromas Leibhéal 1, ionstraimí Breise Leibhéal 1, ionstraimí Leibhéal 2 agus ionstraimí dliteanais incháilithe atá ag GC agus nach mór d'institiúidí a asbhaint i gcomhréir le hAirteagal 36(1) agus le hAirteagail 56, 66 agus 72e faoi seach, féadfaidh siad na hionstraimí sin a eisiamh ó na ríomhanna thuasluaite.

2. Maidir leis na ríomhanna dá dtagraítear in Airteagal 132, féadfaidh institiúidí risíochtaí i bhfoirm aonad nó scaireanna in GCanna dá dtagraítear i bpointí (g) agus (h) d'Airteagal 150(1) a eisiamh ó na ríomhanna sin agus féadfaidh siad na risíochtaí sin a láimhseáil mar a leagtar amach in Airteagal 133.

*Airteagal 132c*

**Risíochtaí lasmuigh den chlár comhardaithe ar GCanna a láimhseáil**

1. Ríomhfaidh institiúidí méid na risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal maidir lena n-ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe ag a bhfuil an fhéidearthacht risíochtaí a chomhshó i bhfoirm aonad nó scaireanna i GC trí luachanna risíochta na risíochtaí sin a iolrú, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 111, ag a bhfuil an t-ualú priacail seo a leanas:

▼M8

(a) ►C7 do gach risíocht a mbaineann na hinstitiúidí úsáid as ceann de na cineálacha cur chuige a leagtar amach in Airteagal 132a ina leith: ◄

$$RW_i^* = \frac{RWAE_i}{E_i^*} \cdot \frac{A_i}{EQ_i}$$

nuair:

$RW_i^*$ = an t-ualú priacail;

i = an t-innéacs lena gcuirtear an GC in iúl:

$RWAE_i$ = an tsuim arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 132a maidir le $GC_i$;

$E_i^*$ = luach risíochta na risíochtaí $GC_i$;

$A_i$ = luach cuntasaíochta na sócmhainní $GC_i$; agus

$EQ_i$ = luach cuntasaíochta chothromas $GC_i$.

(b) do gach risíocht eile, $RW_i^* = 1\ 250\%$.

2. Ríomhfaidh institiúidí an luach risíochta a bhaineann leis an ngealltanas íosluacha a chomhlíonfadh na coinníollacha a leagtar síos i mír 3 den Airteagal seo mar luach lascainithe reatha an mhéid faoi ráthaíocht trí úsáid a bhaint as fachtóir lascaine saor ó phriacal um mainneachtain. Féadfaidh institiúidí an luach risíochta a bhaineann leis an ngealltanas íosluacha a laghdú faoi aon chaillteanais a aithnítear i ndáil leis an ngealltanas íosluacha faoin gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme.

Ríomhfaidh institiúidí an méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal le haghaidh risíochtaí lasmuigh den chlár comhardaithe a thagann as na gealltanais íosluacha a chomhlíonfaidh na coinníollacha go léir a leagtar amach i mír 3 den Airteagal seo trí luach risíochta na risíochtaí a iolrú faoi fhachtóir coinbhéartaithe de 20 % agus an t-ualú priacail a dhíorthaítear faoi Airteagal 132 nó 152.

3. Cinnfidh institiúidí an méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal le haghaidh risíochtaí lasmuigh den chlár comhardaithe a eascraíonn ó ghealltanais íosluacha i gcomhréir le mír 2 i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) is ionann risíocht lasmuigh de chlár comhardaithe na hinstitiúide agus gealltanas íosluacha chun infheistíocht a dhéanamh in aonaid nó scaireanna de chuid GC amháin nó níos mó nach bhfuil oibleagáid dá réir ar an institiúid ach íocaíocht a dhéanamh de réir an ghealltanais íosluacha i gcás ina bhfuil margadhluach risíochtaí foluiteacha an GC nó na GCanna faoi bhun tairseach réamhshocraithe ag ceann amháin nó níos mó de na pointí in am, mar a shonraítear sa chonradh;

(b) is GC é aon cheann díobh seo a leanas:

(i) GCUI mar a shainmhínítear i dTreoir 2009/65/CE; nó

▼M8

(ii) CIM mar a shainmhínítear i bpointe (a) d'Airteagal 4(1) de Threoir 2011/61/AE nach n-infheistíonn ach in urrúis inaistrithe amháin nó i sócmhainní so-aistrithe airgeadais eile dá dtagraítear in Airteagal 50(1) de Threoir 2009/65/CE, i gcás nach gceadaítear faoi shainordú an CIM luamhánú níos airde ná mar a cheadaítear faoi Airteagal 51(3) de Threoir 2009/65/CE;

(c) cumhdaíonn nó sáraíonn margadhluach reatha risíochtaí foluiteacha an GC is bun leis an ngealltanas íosluacha gan aird a thabhairt ar éifeacht gealltanais íosluacha atá lasmuigh den chlár comhardaithe an luach reatha atá ar an tairseach a shonraítear sa ghealltanas íosluacha;

(d) i gcás ina laghdóidh barrachas margadhluacha risíochtaí foluiteacha an GC nó na GCanna i gcomparáid le luach reatha an ghealltanais íosluacha, féadfaidh an institiúid, nó gnóthas eile a mhéid is atá sé clúdaithe ag an maoirseacht ar bhonn comhdhlúite a bhfuil an institiúid féin faoina réir, i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le Treoir 2013/36/AE nó Treoir 2002/87/CE, tionchar a imirt ar chomhdhéanamh risíochtaí foluiteacha an GC nó na GCanna nó teorainn a chur leis na féidearthachtaí maidir le laghdú breise ar an mbarrachas i slite eile;

(e) is cliant miondíola mar a shainmhínítear i bpointe 11 d'Airteagal 4(1) de Threoir 2014/65/AE é de ghnáth tairbhí deiridh díreach nó indíreach an ghealltanais íosluacha.

▼B

*Airteagal 133*

**Risíochtaí ar chothromas**

1. Measfar gur risíochtaí ar chothromas iad na risíochtaí seo a leanas:

(a) risíochtaí ar neamhfhiachas a chuireann fo-éileamh iarmharach in iúl ar shócmhainní nó ar ioncam an eisitheora;

(b) risíochtaí ar fhiachas agus urrúis eile, comhpháirtíochtaí, díorthaigh, nó uirlisí eile, a bhfuil a dtábhacht eacnamaíoch cosúil leis na risíochtaí atá sonraithe i bpointe (a).

2. Déanfar ualú priacal 100 % a shannadh do risíochtaí ar chothromas, mura gceanglaítear iad a asbhaint i gcomhréir le Cuid a Dó, ualú priacal 250 % a shannadh dóibh i gcomhréir le hAirteagal 48(4), ualú priacal 1,250 % i gcomhréir le hAirteagal 89(3) nó déanfar iad a láimhseáil mar ítimí a bhfuil priacal fíor-ard ag baint leo i gcomhréir le hAirteagal 128.

▼B

3. Déanfar infheistíochtaí in ionstraimí caipitil chothromais nó caipitil rialála arna n-eisiúint ag institiúidí a aicmiú mar éilimh iarmharacha, mura n-asbhaintear iad as cistí dílse nó má mheallann siad ualú priacal 250 % faoi Airteagal 48(4) nó má láimhseáiltear iad mar ítimí a bhfuil priacal fíor-ard ag baint leo i gcomhréir le hAirteagal 128.

*Airteagal 134*

**Ítimí eile**

▼C2

1. Déanfar ualú priacal 100 % a shannadh do shócmhainní inláimhsithe de réir bhrí ítim 10 faoin gceannteideal 'Sócmhainní' in Airteagal 4 de Threoir 86/635/CEE.

▼B

2. Déanfar ualú priacal 100 % a shannadh do réamhíocaíochtaí agus d'ioncam fabhraithe nach bhfuil institiúid ábalta an contrapháirtí a chinneadh ina leith i gcomhréir le Treoir 86/635/CEE.

3. Déanfar ualú priacal 20 % a shannadh d'ítimí airgid atá á gcruinniú. Déanfar ualú priacal 0 % a shannadh d'airgead ar láimh agus d'ítimí airgid coibhéiseacha.

4. Déanfar ualú priacal 0 % a shannadh d'órbhuillean arna shealbhú ina bhoghtaí féin nó ar bhonn leithdháilte, sa mhéid is go bhfuil sé cumhdaithe ag dliteanais bhuillin.

5. I gcás comhaontuithe díolacháin agus athcheannaigh sócmhainne agus réamhcheannacháin glan amach, is é an t-ualú priacal a shannfar an t-ualú priacal sin a shannfar do na sócmhainní atá i gceist agus ní do na contrapháirtithe sna hidirbhearta.

▼M5

6. I gcás ina dtugann institiúid cosaint chreidmheasa do roinnt risíochtaí faoi réir an choinníll go spreagfaidh an $n^{ú}$ mainneachtain i measc na risíochtaí íocaíocht agus go ndéanfar an conradh a fhoirceannadh leis an teagmhas creidmheasa sin, déanfar comhiomlánú ar na hualuithe priacail a áireofar sa bhascaed, agus risíochtaí n-1 á n-eisiamh, suas go huasmhéid[1] 1 250 % agus iolraithe faoi mhéid ainmniúil na cosanta arna soláthar ag an díorthach creidmheasa chun méid na risíochta a bheidh ualaithe ó thaobh priacail a fháil. Cinnfear na risíochtaí n-1 a bheidh le eisiamh ón gcomhiomlánú ar an mbonn go gcuimseoidh siad na risíochtaí sin a dtáirgeann gach ceann acu méid risíochta níos ísle atá ualaithe ó thaobh priacail ná an méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail d'aon cheann de na risíochtaí atá áirithe sa chomhiomlánú.

▼B

7. Beidh luach na risíochta do léasanna cothrom leis na híocaíochtaí léasa íosta lascainithe. Is é a bheidh sna híocaíochtaí léasa íosta na híocaíochtaí thar an téarma léasa a cheanglaítear nó a cheanglófar ar an léasaí a dhéanamh agus aon céadrogha ar cheannach sladmhargaidh a bhfuil a fheidhmiú réasúnta cinnte. Féadfar a cheangal ar pháirtí seachas an léasaí íocaíocht a dhéanamh a bhaineann le luach iarmharach ar mhaoin léasaithe agus comhlíonann an oibleagáid íocaíochta sin an tsraith coinníollacha in Airteagal 201 maidir le hincháilitheacht soláthraithe cosanta chomh maith leis na ceanglais chun cineálacha eile ráthaíochtaí a aithint dá bhforáiltear in Airteagail 213 go 215, agus féadfar an oibleagáid íocaíochta sin a chur san áireamh mar chosaint

▼B

neamhchistithe creidmheasa faoi Chaibidil 4. Déanfar na risíochtaí sin a shannadh don aicme risíochta iomchuí i gcomhréir le hAirteagal 112. Nuair is luach iarmharach de shócmhainní léasaithe í an risíocht, déanfar na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh mar seo a leanas: 1/t * 100 % * an luach iarmharach, i gcás ina bhfuil t ar an méid is airde idir 1 agus an líon is gaire de bhlianta iomlána atá fágtha sa léas.

Roinn 3

**Measúnú priacal creidmheasa a aithint agus a mhapáil**

Foroinn 1

**Imcsanna a aithint**

*Airteagal 135*

**Measúnuithe creidmheasa á n-úsáid ag IMCSanna**

1. Féadfar measúnú creidmheasa seachtrach a úsáid chun an t-ualú priacal a bheidh ar risíocht a chinneadh faoin gCaibidil seo ach amháin má d'eisigh IMCS é nó má tá sé formhuinithe ag IMCS i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009.

2. Foilseoidh ÚBE liosta na IMCSanna ar a láithreán gréasáin i gcomhréir le hAirteagal 2(4) agus le hAirteagal 18(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009.

Foroinn 2

**Measúnaithe creidmheasa an imcs a mhapáil**

*Airteagal 136*

**Measúnuithe creidmheasa an IMCS a mhapáil**

1. Forbróidh ÚBE, UAPGE agus ÚEUM, tríd an gComhchoiste, dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme le go sonrófar maidir le gach IMCS cé na bearta cáilíochta creidmheasa atá leagtha amach i Roinn 2 lena gcomhfhreagraíonn measúnuithe creidmheasa ábhartha an IMCS ('mapáil'). Beidh na cinntí sin oibiachtúil agus comhsheasmhach.

Cuirfidh ÚBE, UAPGE agus ÚEUM na dréachtchaighdeáin theicniúla chur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Iúil 2014 agus cuirfidh sé dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme athbhreithnithe faoi bhráid an Choimisiúin más gá.

Tugtar cumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 faoi seach.

2. Nuair a bheidh mapáil na measúnuithe creidmheasa á cinneadh, comhlíonfaidh ÚBE, UAPGE agus ÚEUM na ceanglais seo a leanas:

(a) d'fhonn idirdhealú a dhéanamh idir na céimeanna coibhneasta priacal a dhéantar le gach measúnú creidmheasa, déanfaidh ÚBE, UAPGE agus ÚEUM fachtóirí cainníochtúla a mheas amhail an ráta mainneachtana fadtéarmach a bhaineann le gach ítim a sanntar an measúnú creidmheasa céanna orthu. I gcás IMCSanna a bunaíodh le

▼B

déanaí agus i gcás na IMCSanna sin nár thiomsaigh ach taifead gearr de shonraí mainneachtana, fiafróidh ÚBE, UAPGE agus ÚEUM den IMCS cad a chreideann sé an ráta mainneachtana fadtéarmach a bhaineann le gach ítim ar a sanntar an measúnú creidmheasa céanna a bheith;

(b) d'fhonn idirdhealú a dhéanamh idir na céimeanna coibhneasta priacal arna sloinneadh ag gach measúnú creidmheasa, déanfaidh ÚBE, UAPGE agus ÚEUM fachtóirí cailíochtúla a mheas amhail an comhthiomsú eisitheoirí arna chumhdach ag an IMCS, raon na measúnuithe creidmheasa arna sannadh ag an IMCS, an bhrí atá le gach measúnú creidmheasa agus an sainmhíniú a thugann an IMCS ar mhainneachtain;

(c) cuirfidh ÚBE, UAPGE agus ÚEUM na rátaí mainneachtana a bhí mar thoradh ar gach measúnú creidmheasa IMCS áirithe i gcomparáid le tagarmharc atá tógtha ar bhonn na rátaí mainneachtana a bhí mar thoradh ag IMCSanna eile maidir le líon eisitheoirí a léiríonn leibhéal coibhéiseach priacal creidmheasa;

(d) i gcás ina bhfuil na rátaí mainneachtana a bhí mar thoradh ar mheasúnú creidmheasa IMCS áirithe níos airde ar bhonn ábhartha agus ar bhonn córasach ná an tagarmharc, déanfaidh ÚBE, UAPGE agus ÚEUM céim cáilíochta creidmheasa níos airde sa scála measúnaithe cáilíochta creidmheasa a shannadh do mheasúnú creidmheasa an IMCS;

(e) i gcás ina bhfuil an t-ualú priacal gaolmhar ardaithe ag ÚBE, ag UAPGE agus ag ÚEUM do mheasúnú creidmheasa sonrach IMCS áirithe, agus i gcás nach bhfuil na rátaí mainneachtana a bhí mar thoradh ar mheasúnú creidmheasa an IMCS sin níos airde a thuilleadh ar bhonn ábhartha agus ar bhonn córasach ná an tagarmharc, féadfaidh ÚBE, UAPGE agus ÚEUM an chéim cáilíochta creidmheasa bhunaidh a chur ar ais sa scála measúnaithe cáilíochta creidmheasa do mheasúnú creidmheasa an IMCS.

3. Forbróidh ÚBE, UAPGE agus ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun na fachtóirí cainníochtúla dá dtagraítear i bpointe (a), na fachtóirí cailíochtúla dá dtagraítear i bpointe (b) agus an tagarmharc dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 2 a shonrú.

Cuirfidh ÚBE, UAPGE agus ÚEUM na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid na Choimisiúin faoin 1 Iúil 2014.

Tugtar cumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 faoi seach.

### Foroinn 3

### Measúnuithe creidmheasa ó ghníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin a úsáid

*Airteagal 137*

**Measúnuithe creidmheasa ó Ghníomhaireachtaí Creidmheasa Onnmhairiúcháin a úsáid**

1. Chun críocha Airteagal 114, féadfaidh institiúidí measúnuithe creidmheasa ó Ghníomhaireacht Chreidmheasa Onnmhairiúcháin a d'ainmnigh an institiúid a úsáid, má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

▼B

(a) is scór priacal na coitiantachta é ó Ghníomhaireachtaí Creidmheasa Onnmhairiúcháin atá rannpháirteach sa 'Socrú maidir le Treoirlínte do Chreidmheasanna Onnmhairiúcháin a Fhaigheann Tacaíocht Oifigiúil' de chuid an ECFE;

(b) foilsíonn an Ghníomhaireacht Chreidmheasa Onnmhairiúcháin a measúnuithe creidmheasa, agus glacann an Ghníomhaireacht Chreidmheasa Onnmhairiúcháin le modheolaíocht chomhaontaithe an ECFE, agus tá baint ag an measúnú creidmheasa le ceann de na hocht íosphréimheanna árachais onnmhairiúcháin a bhunaítear le modheolaíocht chomhaontaithe an ECFE. Féadfaidh institiúid a hainmniúchán de Ghníomhaireacht Chreidmheasa Onnmhairiúcháin a chúlghairm. Tabharfaidh institiúid bunús leis an gcúlghairm sin má tá tásca nithiúla ann gurb é atá mar aidhm bhunúsach aici na ceanglais maidir le leordhóthanacht chaipitil a laghdú.

2. I gcás risíochtaí a n-aithnítear measúnú creidmheasa ó Ghníomhaireacht Chreidmheasa Onnmhairiúcháin ina leith chun críocha ualaithe priacal, déanfar ualú priacal a shannadh dóibh i gcomhréir le Tábla 9.

*Tábla 9*

| MEIP | 0 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ualú priacal | 0 % | 0 % | 20 % | 50 % | 100 % | 100 % | 100 % | 150 % |

Roinn 4

**Measúnuithe creidmheasa an imcs a úsáid chun ualú priacal a chinneadh**

*Airteagal 138*

**Ceanglais ghinearálta**

Féadfaidh institiúid IMCS amháin nó níos mó a ainmniú a úsáidfear chun ualú priacal a bheidh le sannadh d'ítimí sócmhainne agus d'ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe a chinneadh. Féadfaidh institiúid a hainmniúchán de Ghníomhaireacht Chreidmheasa Onnmhairiúcháin a chúlghairm. Tabharfaidh institiúid bunús leis an gcúlghairm sin má tá tásca nithiúla ann gurb é atá mar aidhm bhunúsach aici na ceanglais maidir le leordhóthanacht chaipitil a laghdú. Ní úsáidfear na measúnuithe creidmheasa ar bhonn roghnaitheach. Úsáidfidh institiúid measúnuithe creidmheasa atá iarrtha. Ní fhéadfaidh sí measúnuithe creidmheasa gan iarraidh a úsáid, áfach, ach amháin má tá sé deimhnithe ag ÚBE nach bhfuil difríocht ó thaobh cáilíochta idir measúnuithe creidmheasa gan iarraidh de IMCS agus measúnuithe creidmheasa den IMCS sin atá iarrtha. Diúltóidh ÚBE nó cúlghairfidh sé an deimhniú sin go háirithe má tá measúnú creidmheasa gan iarraidh úsáidte ag an IMCS chun brú a chur ar an eintiteas rátáilte ord a chur isteach le haghaidh measúnaithe creidmheasa nó seirbhísí eile. Agus measúnú creidmheasa á úsáid, comhlíonfaidh institiúidí na ceanglais seo a leanas:

(a) maidir le hinstitiúid a chinnfidh na measúnuithe creidmheasa arna ndéanamh ag IMCS a úsáid d'aicme áirithe ítimí, úsáidfidh sí na measúnuithe creidmheasa sin ar bhonn comhsheasmhach maidir leis na risíochtaí go léir atá san aicme sin;

(b) maidir le hinstitiúid a chinnfidh na measúnuithe creidmheasa arna ndéanamh ag IMCS a úsáid, úsáidfidh sí iad ar bhealach leanúnach agus comhsheasmhach le himeacht ama;

▼B

(c) ní úsáidfidh institiúid ach measúnuithe creidmheasa de chuid IMCS ina gcuirtear san áireamh na méideanna go léir, i bhfoirm príomhshuime agus úis, atá dlite di;

(d) i gcás nach bhfuil ach measúnú creidmheasa amháin ar fáil ó IMCS ainmnithe a bhaineann le hítim rátáilte, úsáidfear an measúnú creidmheasa sin chun an t-ualú priacal don ítim sin a chinneadh;

(e) i gcás ina bhfuil dhá mheasúnú creidmheasa ar fáil ó IMCSanna ainmnithe agus go gcomhfhreagraíonn an dá cheann d'ualú priacal éagsúil le haghaidh ítime rátáilte, déanfar an t-ualú priacal is airde a shannadh;

(f) i gcás ina bhfuil níos mó ná dhá mheasúnú creidmheasa ar fáil ó IMCSanna ainmnithe a bhaineann le hítim rátáilte, tagrófar don dá mheasúnú a ghineann an dá ualú priacal is ísle. Má tá an dá ualú priacal is ísle éagsúil, déanfar an t-ualú priacal is airde díobh a shannadh. Más ionann an dá ualú priacal is ísle, déanfar an t-ualú priacal sin a shannadh.

*Airteagal 139*

**Measúnú creidmheasa an eisitheora agus na heisiúna**

1. I gcás ina bhfuil measúnú creidmheasa ann a bhaineann le clár sonrach nó le saoráid shonrach eisiúna ar leis nó léi an ítim arb í an risíocht í, úsáidfear an measúnú creidmheasa sin chun an t-ualú priacal a shannfar don ítim sin a chinneadh.

2. I gcás nach bhfuil aon mheasúnú creidmheasa atá infheidhme go díreach ann a bhaineann le hítim áirithe, ach go bhfuil measúnú creidmheasa ann a bhaineann le clár sonrach nó le saoráid shonrach eisiúna nach leis nó léi an ítim arb í an risíocht í nó go bhfuil measúnú ginearálta creidmheasa ann a bhaineann leis an eisitheoir, úsáidfear an measúnú creidmheasa sin i gceachtar de na cásanna seo a leanas:

(a) léiríonn sé ualú priacal níos airde ná mar a bheadh amhlaidh thairis sin agus rangaítear an risíocht atá i gceist ar chomhchéim nó ar chéim níos sóisearaí i ngach cás i gcomparáid leis an gclár sonrach nó leis an tsaoráid shonrach eisiúna nó le risíochtaí neamhurraithe sinsearacha an eisitheora sin, de réir mar is iomchuí;

(b) léiríonn sé ualú priacal níos ísle agus rangaítear an risíocht atá i gceist ar chomhchéim nó ar chéim níos sinsearaí i ngach cás i gcomparáid leis an gclár sonrach nó leis an tsaoráid shonrach eisiúna nó le risíochtaí neamhurraithe sinsearacha an eisitheora sin, de réir mar is iomchuí.

I ngach cás eile, láimhseálfar an risíocht mar risíocht gan rátáil.

3. Níl sé i gceist le mír 1 agus mír 2 cur chun feidhme Airteagal 129 a chosc.

4. Ní féidir measúnuithe creidmheasa a bhaineann le heisitheoirí laistigh de ghrúpa corparáideach a úsáid mar mheasúnú creidmheasa ar eisitheoir eile laistigh den ghrúpa corparáideach céanna.

▼B

*Airteagal 140*

**Measúnuithe creidmheasa fadtéarmacha agus gearrthéarmacha**

1. Ní fhéadfar measúnuithe creidmheasa gearrthéarmacha a úsáid ach le haghaidh ítimí sócmhainne gearrthéarmaí agus ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe ar risíochtaí ar institiúidí agus ar chorparáidí iad.

2. Ní bheidh feidhm ag aon mheasúnú creidmheasa gearrthéarmach ach amháin maidir leis an ítim a dtagraíonn an measúnú creidmheasa gearrthéarmach dó, agus ní úsáidfear é chun ualú priacal a dhíorthú maidir le hítim eile, cé is moite de na cásanna seo a leanas:

(a) má dhéantar ualú priacal 150 % a shannadh do shaoráid rátáilte ghearrthéarmach, déanfar ualú priacal 150 % a shannadh freisin do gach risíocht neamhurraithe gan rátáil maidir leis an oibleagáideoir sin, bíodh siad gearrthéarmach nó fadtéarmach;

(b) má dhéantar ualú priacal 50 % a shannadh do shaoráid rátáilte ghearrthéarmach, ní dhéanfar ualú priacal níos ísle ná 100 % a shannadh d'aon risíocht ghearrthéarmach gan rátáil.

*Airteagal 141*

**Ítimí airgeadra intíre agus eachtraigh**

Ní féidir measúnú creidmheasa a thagraíonn d'ítim atá ainmnithe in airgeadra intíre an oibleagáideora a úsáid chun ualú priacal a dhíorthú do risíocht eile maidir leis an oibleagáideoir céanna sin atá ainmnithe in airgeadra eachtrach.

Nuair a thagann risíocht chun cinn trí rannpháirtíocht institiúide in iasacht arna shíneadh ag banc forbartha iltaobhach a n-aithnítear a stádas mar chreidiúnaí tosaíochta sa mhargadh, féadfar an measúnú creidmheasa ar ítim airgeadra intíre an oibleagáideora a úsáid ar mhaithe le hualú ó thaobh priacal a dhéanamh.

*CAIBIDIL 3*

***Cur Chuige Bunaithe ar Rátálacha Inmheánacha***

Roinn 1

**Cead ó údaráis inniúla an cur chuige irb a úsáid**

*Airteagal 142*

**Sainmhínithe**

1. Chun críocha na Coda seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'córas rátála' gach modh, próiseas, rialuithe, córas bailiúcháin sonraí agus TF a thacaíonn le priacal creidmheasa a mheasúnú, risíochtaí a shannadh do ghráid nó do chomhthiomsuithe rátála, agus meastacháin ar mhainneachtain agus ar chaillteanais a forbraíodh le haghaidh cineálacha áirithe risíochtaí a chainníochtú;

▼B

(2) ciallaíonn cineál risíochtaí' grúpa risíochtaí arna mbainistiú go haonchineálach agus atá foirmithe ag cineál áirithe saoráidí agus a fhéadfaidh a bheith teoranta d'eintiteas amháin nó d'fho-fhoireann aonair eintiteas laistigh de ghrúpa ar an gcoinníoll go ndéantar bainistiú éagsúil ar an gcineál céanna risíochtaí in eintitis eile den ghrúpa;

(3) ciallaíonn 'aonad gnó' aon eintiteas eagraíochtúil nó dlíthiúil faoi leith, réimeanna gnó, suímh thíreolaíocha

▼C2

(4) ciallaíonn 'mór-eintiteas earnála airgeadais' aon eintiteas earnála airgeadais a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:

▼B

(a) ar mó ná, nó cothrom leis, an tairseach EUR 70 billiún iomlán a chuid sócmhainní, a ríomhtar ar bhonn aonair nó ar bhonn comhdhlúite, agus leas á bhaint as an ráiteas airgeadais iniúchta is déanaí nó as an ráiteas airgeadais chomhdhlúite d'fhonn méid na sócmhainne a chinneadh; agus

(b) tá an t-eintiteas féin nó ceann dá fhochuideachtaí faoi réir rialála stuamachta san Aontas nó faoi réir dhlíthe tríú tíre a chuireann ceanglais faireacháin agus rialála stuamachta i bhfeidhm, a bheidh coibhéiseach ar a laghad leo siúd a chuirtear i bhfeidhm san Aontas;

►C2 (5) ciallaíonn 'eintiteas earnála airgeadais neamhrialáilte' aon eintiteas eile nach eintiteas earnála airgeadais rialáilte é ◄ ach a dhéanann, mar phríomhghnó dá chuid, ceann nó níos mó de na gníomhaíochtaí atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/36/AE nó atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/39/CE;

(6) ciallaíonn 'grád oibleagáideora catagóir priacal laistigh de scála rátála oibleagáideora de chóras rátála, a sanntar d'oibleagáideoirí ar bhonn sraith critéar rátála sonrach agus sainiúil, óna ndíorthaítear meastacháin ar dhóchúlacht mainneachtana (PD);

(7) ciallaíonn 'grád saoráide' catagóir priacal laistigh den scála saoráide atá ag córas rátála, a sanntar risíochtaí dó ar bhonn sraith critéar rátála sonrach agus sainiúil, óna ndíorthaítear meastacháin dhílse ar LGDanna.

▼M5

__________

▼B

2. Chun críocha mhír 1(4)(b) den Airteagal seo, féadfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha cur chun feidhme a úsáid, agus faoi réir an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airtegal 447(2), cinneadh a ghlacadh maidir lena gcuirfidh tríú tír socruithe maoirseachta agus rialála i bhfeidhm atá cothrom ar a laghad leis na socruithe sin atá i bhfeidhm san Aontas. In éagmais cinnidh den sórt sin, go dtí an 1 Eanáir 2014, féadfaidh institiúidí an láimhseáil atá leagtha amach sa mhír sin a chur i bhfeidhm maidir le tríú tír i gcás ina bhfuil an tríú tír sin faofa ag na húdaráis inniúla iomchuí mar thír atá incháilithe don láimhseáil sin roimh an 1 Eanáir 2014.

*Airteagal 143*

**Cead chun an Cur Chuige IRB a úsáid**

1. I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha atá leagtha amach sa Chaibidil seo, tabharfaidh an t-údarás inniúil cead d'institiúidí an Cur Chuige Inmheánach Bunaithe ar Rátálacha (dá ngairtear 'Cur Chuige IRB' anseo feasta) a úsáid chun a gcuid méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh.

▼**B**

2. Beidh gá cead a iarraidh roimh ré chun an Cur Chuige IRB a úsáid, lena n-áirítear a meastacháin féin ar LGDannaagus beidh gá le fachtóirí coinbhéartachta do gach aicme risíochta agus do gach córas rátála, modhanna na samhla inmheánaí i dtaca le risíochtaí ar chothromas agus do gach cur chuige maidir le meastachán a thabhairt ar LGDanna agus ar fhachtóirí coinbhéartachta.

3. Gheobhaidh institiúidí cead na n-údarás inniúil dóibh seo a leanas roimh ré:

(a) athruithe ábharacha ar raon feidhme córais rátála nó mhodh na samhlacha inmheánacha maidir le risíochtaí ar chothromas a bhfuair an institiúid cead a úsáid;

(b) athruithe ábhartha ar chóras rátála nó ar mhodh na samhlacha inmheánacha maidir le risíochtaí ar chothromas a bhfuair an institiúid cead a úsáid.

Beidh raon feidhme córais rátála comhdhéanta de na risíochtaí go léir den cineál ábhartha risíochta ar forbraíodh an córas rátála sin lena aghaidh.

4. Tabharfaidh institiúidí fógra do na húdaráis inniúla maidir le gach athrú ar na córais rátála agus ar chineálacha modhanna na samhlacha inmheánacha maidir le risíochtaí ar chothromas.

5. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na coinníollacha a shonrú chun measúnú a dhéanamh ar ábharthacht úsáid córais rátála atá ann cheana féin le haghaidh risíochtaí breise eile nach bhfuil cumhdaithe cheana faoin gcóras rátála sin agus athruithe ar chórais rátála nó ar bhealaí cur chuige na samhlacha inmheánacha maidir le risíochtaí ar chothromas faoin gCur Chuige IRB.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2013.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 144*

**Measúnú na n-údarás inniúil ar iarratas chun an Cur Chuige IRB a úsáid**

1. Ní thabharfaidh an t-údarás inniúil cead d'institiúid, de bhun Airteagal 143, an Cur Chuige IRB a úsáid, lena n-áirítear a meastacháin féin ar LGD agus fachtóirí coinbhéartachta a úsáid, ach amháin má tá an t-údarás inniúil sásta gur comhlíonadh na ceanglais atá leagtha síos sa Chaibidil seo, go háirithe na ceanglais sin a leagadh síos i Roinn 6, agus go bhfuil córais na hinstitiúide chun risíochtaí ar priacal creidmheasa a bhainistiú agus a rátáil fónta agus curtha chun feidhme ina n-iomláine agus, go háirithe, gur léirigh an institiúid chun sástachta an údaráis inniúil gur comhlíonadh na caighdeáin seo a leanas:

(a) tugann córais rátála na hinstitiúide deis measúnú fóinteach a dhéanamh ar thréithe an oibleagáideora agus na n-idirbheart, idirdhealú fóinteach a dhéanamh ar priacal agus meastacháin bheachta agus chomhsheasmhacha chainníochtúla a dhéanamh ar priacal;

▼B

(b) tá rátálacha inmheánacha agus meastacháin ar mhainneachtain agus ar chaillteanas, a úsáidtear chun ceanglais cistí dílse agus córais agus próisis ghaolmhara a ríomh, fíor-riachtanach don phróiseas bainistíochta priacal agus cinnteoireachta, agus d'fheidhmeanna na hinstitiúide a bhaineann le formheas creidmheasa, leithdháileadh caipitil inmheánaigh agus rialachas corparáideach;

(c) tá aonad rialaithe priacal creidmheasa san institiúid atá freagrach as córais rátála na hinstitiúide agus atá neamhspleách go hiomchuí agus saor ó thionchar míchuí;

(d) bailíonn agus stórálann an institiúid na sonraí ábhartha go léir chun tacaíocht éifeachtach a thabhairt dá próiseas chun priacal creidmheasa a thomhas agus a bhainistiú;

(e) déanann an institiúid doiciméadú ar a córais rátála agus ar an réasúnaíocht a bhaineann lena ndearadh agus déanann sí bailíochtú ar a córais rátála;

(f) rinne an institiúid bailíochtú ar gach córas rátála agus ar gach modh na samhlacha inmheánacha i gcás risíochtaí ar chothromas i dtréimhse ama iomchuí sula bhfaighidh sí cead an córas rátála sin nó modh na samhlacha inmheánacha a úsáid i gcás risíochtaí ar chothromas, rinne sí measúnú le linn na tréimhse sin féachaint an oireann an córas rátála nó modhanna na samhlacha inmheánacha i gcás risíochtaí ar chothromas do raon feidhme an chórais rátála nó modha na samhlacha inmheánacha i gcás risíochtaí ar chothromas, agus, bunaithe ar an measúnú a rinne sí, rinne sí athruithe is gá ar na córais rátála sin nó ar mhodhanna sin na samhlacha inmheánacha i gcás risíochtaí ar chothromas;

▼M8

(g) rinne an institiúid na ceanglais cistí dílse a thagann óna cuid meastachán ar pharaiméadair phriacail a ríomh faoin gCur Chuige IRB agus tá sí in ann an tuairisciú a cheanglaítear le hAirteagal 430 a chur isteach;

▼B

(h) tá an institiúid tar éis gach risíocht a shannadh, agus leanfaidh sé den sannadh sin, i réimse chur i bhfeidhm córais rátála maidir le grád rátála nó comhthiomsú an chórais rátála seo; tá an institiúid tar éis gach risíocht a shannadh agus leanfaidh sé den sannadh sin i réimse chur i bhfeidhm an chur chuige do risíochtaí cothromais maidir le cur chuige na samhlacha inmheánacha seo.

Tá feidhm freisin leis na ceanglais chun an Cur Chuige IRB a úsáid, lena n-áirítear a meastacháin féin ar LGD agus fachtóirí coinbhéartachta, i gcás inar chuir institiúid córas rátála, nó samhail arna húsáid laistigh de chóras rátála, a cheannaigh sí ó dhíoltóir tríú-páirtí, i bhfeidhm.

2. Forbróidh an ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun an mhodheolaíocht mheasúnaithe a shonrú a mbeidh ar na húdaráis inniúla a leanúint chun measúnú a dhéanamh féachaint ar chomhlíon institiúid na ceanglais chun an Cur Chuige IRB a úsáid.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2014.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

▼B

*Airteagal 145*

**Taithí roimhe seo maidir le cur chuige IRB a úsáid**

1. Institiúid a dhéanfaidh iarratas ar an gCur Chuige IRB a úsáid, beidh córais rátála i gcás na n-aicmí risíochta IRB atá i gceist in úsáid aici cheana féin a bhí i gcomhréir tríd is tríd leis na ceanglais atá leagtha amach i Roinn 6 ar mhaithe le priacal inmheánach a thomhas agus a bhainistiú ar feadh trí bliana ar a laghad sular cháiligh sí chun an Cur Chuige IRB a úsáid.

2. Institiúid a dhéanfaidh iarratas ar a meastacháin féin ar LGDanna agus fachtóirí coinbhéartachta a úsáid, léireoidh sí chun sástachta na n-údarás inniúil go raibh sí i mbun a cuid meastachán féin ar LGDanna agus fachtóirí coinbhéartachta a mheas agus a úsáid ar bhealach a bhí comhsheasmhach tríd is tríd leis na ceanglais maidir le meastacháin féin na bparaiméadar sin atá leagtha amach i Roinn 6 a úsáid le trí bliana ar a laghad sular cháiligh sí chun a meastacháin féin ar LGDanna agus fachtóirí coinbhéartachta a úsáid.

3. I gcás ina sínfidh an institiúid úsáid an Chur Chuige IRB i ndiaidh an chéad chead a bheith faighte aici, is leor taithí na hinstitiúide chun ceanglais mhír 1 agus mhír 2 a chomhlíonadh maidir leis na risíochtaí breise a chumhdaítear. Má shíntear úsáid na gcóras rátála chuig risíochtaí atá an-éagsúil ó raon feidhme an chumhdaigh atá ann cheana, amhail is nach féidir glacadh leis go réasúnach gur leor í an taithí chun ceanglais na bhforálacha seo maidir leis na risíochtaí breise a chomhlíonadh, beidh feidhm ar leithligh ag ceanglais mhír 1 agus mhír 2 maidir leis na risíochtaí breise.

*Airteagal 146*

**Bearta a ghlacfar i gcás ina scoirfear de bheith ag comhlíonadh cheanglais na Caibidle seo**

I gcás ina scoireann institiúid de chomhlíonadh na gceanglas atá leagtha amach sa Roinn seo, tabharfaidh sí fógra don údarás inniúil agus déanfaidh sí ceann de na nithe seo a leanas:

(a) tíolacfaidh sí plean chun sástacht an údaráis inniúil ionas go gcomhlíonfar na ceanglais arís go tráthúil agus bainfidh sí amach an plean sin laistigh de thréimhse ama a chomhaontóidh an t-údarás inniúil;

(b) taispeánfaidh sí chun sástachta an údaráis inniúil go bhfuil éifeacht an neamhchomhlíonta neamhábhartha.

*Airteagal 147*

**Modheolaíocht chun risíocht a shannadh d'aicmí risíochta**

1. Beidh an mhodheolaíocht a úsáidfidh an institiúid chun risíochtaí a shannadh d'aicmí risíochta éagsúla iomchuí agus comhsheasmhach le himeacht ama.

2. Déanfar gach risíocht a shannadh do cheann de na haicmí risíochta seo a leanas:

(a) risíochtaí ar rialtais láir agus ar bhainc cheannais;

▼B

(b) risíochtaí ar institiúidí;

(c) risíochtaí ar chorparáidí;

(d) risíochtaí ar mhiondíol;

(e) risíochtaí ar chothromas;

(f) ítimí atá in ionannas le suímh urrúsaithe;

(g) sócmhainní eile oibleagáide neamhchreidmheasa.

3. Déanfar na risíochtaí seo a leanas a shannadh don aicme atá leagtha amach i bpointe (a) de mhír 2:

(a) risíochtaí ar rialtais réigiúnacha, ar údaráis áitiúla nó ar eintitis san earnáil phoiblí a láimhseáiltear mar risíochtaí ar rialtais láir faoi Airteagal 115 agus Airteagal 116.

(b) risíochtaí ar bhainc forbartha iltaobhacha dá dtagraítear in Airteagal 117(2);

(c) risíochtaí ar Eagraíochtaí Idirnáisiúnta, dá dtagraítear in Airteagal 118, a mheallann ualú priacal 0 % faoi na hAirteagail sin.

4. Déanfar na risíochtaí seo a leanas a shannadh don aicme atá leagtha amach i bpointe (b) de mhír 2:

(a) risíochtaí ar rialtais réigiúnacha agus ar údaráis áitiúla nach láimhseáiltear mar risíochtaí ar rialtais láir i gcomhréir le hAirteagal 115(2) agus (4);

(b) risíochtaí ar Eintitis san Earnáil Phoiblí nach láimhseáiltear mar risíochtaí ar rialtais láir i gcomhréir le hAirteagal 116(4);

(c) risíochtaí ar bhainc forbartha iltaobhacha nach sanntar ualú priacal 0 % dóibh faoi Airteagal 117; agus

(d) risíochtaí ar institiúidí airgeadais a láimhseáiltear mar risíochtaí ar institiúidí i gcomhréir le hAirteagal 119(5).

5. Le bheith incháilithe d'aicme na risíochtaí ar mhiondíol atá leagtha amach i bpointe (d) de mhír 2, comhlíonfaidh risíochtaí na critéir seo a leanas:

(a) beidh ceann díobh seo a leanas i gceist leo:

(i) risíochtaí ar dhuine nádúrtha amháin nó níos mó;

(ii) risíochtaí ar FBM, ar an gcoinníoll sa chás sin nach sáróidh an méid iomlán a bheidh dlite don institiúid agus do na máthairghnóthais agus a fochuideachtaí, lena n-áirítear aon risíocht atá thar téarma, ag an oibleagáideoir cliant nó ag an ngrúpa cliant nasctha, gan risíochtaí atá urraithe ar chomhthaobhacht a bhaineann le maoin chónaithe a áireamh, a mhéid is feasach don institiúid, a rinne bearta réasúnta chun an cás a dheimhniú, EUR 1 milliún;

▼B

(b) déanann an institiúid iad a láimhseáil sa bhainistíocht priacal a bhíonn ar bun aici agus déantar é sin go comhsheasmhach le himeacht ama agus ar bhealach dá samhail;

(c) ní dhéantar bainistiú orthu chomh haonair is a dhéantar ar risíochtaí in aicme na risíochtaí ar chorparáidí;

(d) tá gach ceann in ionannas le ceann as líon suntasach risíochtaí a bhainistítear ar an gcaoi chéanna.

Anuas ar na risíochtaí atá liostaithe sa chéad fhomhír, áireofar luach láithreach na n-íocaíochtaí léasa íosta ar mhiondíol in aicme na risíochtaí ar mhiondíol.

6. Déanfar na risíochtaí seo a leanas a shannadh d'aicme na risíochtaí ar chothromas atá leagtha amach i bpointe (e) de mhír 2;

(a) risíochtaí ar neamhfhiachas a chuireann fo-éileamh iarmharach in iúl ar shócmhainní nó ar ioncam an eisitheora;

(b) risíochtaí ar fhiachas agus urrúis eile, comhpháirtíochtaí, díorthaigh, nó uirlisí eile, a bhfuil a dtábhacht eacnamaíoch cosúil leis na risíochtaí atá sonraithe i bpointe (a).

7. Maidir le haon hoibleagáid chreidmheasa nach bhfuil sannta do na haicmí risíochta atá leagtha amach i bpointí (a), (b), (d), (e) agus (f) de mhír 2, déanfar iad a shannadh d'aicme na risíochtaí ar chorparáidí dá dtagraítear i bpointe (c) den mhír sin.

8. Laistigh d'aicme na risíochtaí ar chorparáidí atá leagtha amach i bpointe (c) de mhír 2, déanfaidh institiúidí risíochtaí a bhfuil na tréithe seo a leanas acu a aithint ar leithligh mar risíochtaí ar iasachtú speisialaithe:

(a) is risíocht ar eintiteas a cruthaíodh go sonrach chun sócmhainní fisiciúla a mhaoiniú nó a oibriú atá i gceist nó is risíocht í atá inchomparáide go heacnamaíoch;

(b) tugann na socruithe conarthacha roinnt mhaith rialaithe don iasachtóir ar na sócmhainní agus ar an ioncam a ghintear leo;

(c) is é príomhfhoinse aisíocaíochta na hoibleagáide an t-ioncam a ghintear leis na sócmhainní a bheith maoinithe, seachas an cumas neamhspleách atá ag fiontar tráchtála níos leithne.

9. Déanfar luach iarmharach na maoine léasaithe a shannadh don aicme risíochta atá leagtha amach i bpointe (g) de mhír 2, cé is moite a mhéid is atá luach iarmharach ar áireamh cheana féin sa risíocht ar léas atá leagtha amach in Airteagal 166(4).

10. Déanfar an risíocht ar chosaint a sholáthar faoin díorthach creidmheasa bascaeid don n-ú mainneachtain a shannadh don aicme chéanna a leagtar síos i mír 2, a shannfaí na risíochtaí sa bhascaed dóibh, ach amháin dá sannfaí na risíochtaí aonair sa bhascaed d'aicmí áirithe risíochtaí agus go sannfaí an risíocht sa chás sin do na haicmí risíochta corparáidí a leagtar síos i bpointe (c) de mhír 2.

▼B

*Airteagal 148*

**Coinníollacha maidir leis an gCur Chuige IRB a chur chun feidhme thar aicmí éagsúla risíochta agus aonad gnó**

1. Cuirfidh institiúidí agus aon mháthairghnóthas agus a fochuideachtaí an Cur Chuige IRB chun feidhme maidir le gach risíocht, mura bhfuair siad cead ó na húdaráis inniúla an Cur Chuige Caighdeánaithe a úsáid go buan i gcomhréir le hAirteagal 150.

Faoi réir réamhchead na n-údarás inniúil, féadfar an cur chun feidhme a dhéanamh go seicheamhach feadh na n-aicmí éagsúla risíochta, dá dtagraítear in Airteagal 147, laistigh den aonad gnó céanna, feadh aonad éagsúil gnó sa ghrúpa céanna nó ar mhaithe lena meastacháin féin ar LGDanna nó fachtóirí coinbhéartachta a úsáid chun ualaí priacal a ríomh le haghaidh risíochtaí ar chorparáidí, risíochtaí ar institiúidí, agus ar rialtais láir agus ar bhainc cheannais.

I gcás aicme na risíochtaí ar mhiondíol dá dtagraítear in Airteagal 147(5), féadfar an cur chun feidhme a dhéanamh go seicheamhach feadh na gcatagóirí risíochtaí lena gcomhfhreagraíonn an comhghaol éagsúil in Airteagal 154.

2. Cinnfidh na húdaráis inniúla an tréimhse ama a cheanglófar ar institiúid agus ar aon mháthairghnóthas agus a fochuideachtaí an Cur Chuige IRB a chur chun feidhme maidir le gach risíocht. Beidh an tréimhse ama seo ar cheann a mheasann na húdaráis inniúla gur tréimhse iomchuí í ar bhonn chineál agus scála ghníomhaíochtaí na n-institiúidí, nó aon mháthairghnóthas agus a fochuideachtaí, agus líon agus chineál na gcóras rátála a chuirfear chun feidhme.

3. Déanfaidh institiúidí an Cur Chuige IRB a chur chun feidhme de réir na gcoinníollacha arna gcinneadh ag na húdaráis inniúla. Leagfaidh an t-údarás inniúil amach na coinníollacha sin amhail is go n-áirithíonn siad nach n-úsáidfear go roghnaitheach an tsolúbthacht faoi mhír 1 ar mhaithe le ceanglais cistí dílse laghdaithe a bhaint amach maidir leis na haicmí risíochta sin nó na haonaid ghnó atá le cur san áireamh fós sa Chur Chuige IRB nó chun a meastacháin féin ar LGDanna agus fachtóirí coinbhéartachta a úsáid.

4. Institiúidí a thosaigh ag úsáid an Cur Chuige IRB tar éis an 1 Eanáir 2013 amháin nó institiúidí a cheanglaíonn na húdaráis inniúla orthu a bheith in ann a gceanglais chapitil a ríomh tríd an gCur Chuige Caighdeánaithe a úsáid go dtí an dáta sin, coinneoidh siad an cumas atá acu ceanglais cistí dílse a ríomh ag úsáid an Cur Chuige Caighdeánaithe i gcás a risíochtaí go léir le linn na tréimhse cur chun feidhme go dtí go dtabharfaidh na húdaráis inniúla fógra dóibh go bhfuil siad sásta go ndéanfar cur chun feidhme an Chur Chuige IRB a chríochnú le cinnteacht réasúnta.

5. Institiúid a gceadófar di an Cur Chuige IRB a úsáid i gcás aon aicme risíochta, úsáidfidh sí an Cur Chuige IRB d'aicme na risíochtaí ar chothromas atá leagtha síos in Airteagal 147(2)(e), seachas nuair a thugtar cead don institiúid sin an Cur Chuige Caighdeánaithe a chur i bhfeidhm maidir le risíochtaí ar chothromas de bhun Airteagal 150 agus d'aicme na risíochtaí ar shócmhainní eile nach oibleagáid chreidmheasa iad atá leagtha síos in Airteagal 147(2)(g).

6. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na coinníollacha a shonrú ar dá réir a chinnfidh údaráis inniúla cineál agus uainiú iomchuí an rolláil amach sheicheamhach nó an Chur Chuige IRB trasna aicmí na risíochtaí dá dtagraítear i mír 3.

▼B

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2014.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 149*

**Coinníollacha chun filleadh ar chur chuige nach bhfuil chomh sofaisticiúil céanna a úsáid**

1. Institiúid atá ag úsáid an Cur Chuige IRB le haghaidh aicme risíochtaí nó chineál risíochta ar leith, ní stadfaidh sí den chur chuige sin a úsáid agus an gCur Chuige Caighdeánaithe a úsáid ina ionad chun méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh, mura gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá sé léirithe ag an institiúid chun sástachta an údaráis inniúil nach bhfuil sé beartaithe an Cur Chuige Caighdéanaithe a úsáid d'fhonn ceanglais chistí dílse na hinstitiúide a laghdú, go bhfuil sé riachtanach ar bhonn chineál agus chastacht na risíochtaí ar fad den chineál sin atá ag an institiúid agus nach mbeadh tionchar díobhálach ábhartha aige ar shócmhainneacht na hinstitiúide ná ar an gcumas atá inti priacal a bhainistiú go héifeachtach;

(b) fuair an institiúid cead roimh ré ón údarás inniúil.

2. Maidir le hinstitiúidí a fuair cead faoi Airteagal 151(9) chun a meastacháin féin ar LGDanna agus fachtóirí coinbhéartachta a úsáid, ní fhillfidh siad ar luachanna LGD agus fachtóirí coinbhéartachta dá dtagraítear in Airteagal 151(8) a úsáid, mura gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) léirigh an institiúid chun sástachta an údaráis inniúil nach bhfuil sé i gceist na LGDanna agus na fachtóirí coinbhéartachta atá leagtha amach in Airteagal 151(8) le haghaidh aicme risíochtaí nó cineál risíochta ar leith a úsáid d'fhonn ceanglas cistí dílse na hinstitiúide a laghdú amháin, go bhfuil sé riachtanach ar bhonn chineál agus chastacht na risíochtaí ar fad den chineál sin atá ag an institiúid agus nach mbeadh tionchar díobhálach ábhartha aige ar shócmhainneacht na hinstitiúide ná ar an gcumas atá inti priacal a bhainistiú go héifeachtach;

(b) fuair an institiúid cead roimh ré ón údarás inniúil.

3. Tá cur chun feidhme mhír 1 agus mhír 2 faoi réir na gcoinníollacha maidir leis an gCur Chuige IRB arna chinneadh ag na húdaráis inniúla a rolladh amach i gcomhréir le hAirteagal 148 agus an cead maidir le páirtúsáid bhuan dá dtagraítear in Airteagal 150.

*Airteagal 150*

**Coinníollacha maidir le páirtúsáid bhuan**

1. I gcás ina bhfuair institiúidí cead roimh ré ó na húdaráis inniúla, féadfaidh institiúidí a bhfuil cead faighte acu an Cur Chuige IRB a úsáid chun méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh d'aicme risíochta amháin nó níos mó a ríomh, féadfaidh siad an Cur Chuige Caighdeánaithe a chur i bhfeidhm maidir leis na risíochtaí seo a leanas:

▼B

(a) an aicme risíochta atá leagtha amach in Airteagal 147(2)(a), i gcás ina bhfuil teorainn le líon na gcontrapháirtithe ábhartha agus go mbeadh sé ródhian ar an institiúid córas rátála a chur chun feidhme do na contrapháirtithe sin;

(b) an aicme risíochta atá leagtha amach in Airteagal 147(2)(b), i gcás ina bhfuil teorainn le líon na gcontrapháirtithe ábhartha agus go mbeadh sé ródhian ar an institiúid córas rátála a chur chun feidhme do na contrapháirtithe sin;

(c) risíochtaí in aonaid ghnó nach bhfuil tábhachtach chomh maith le haicmí risíochta nó cineálacha risíochtaí atá neamhábhartha ó thaobh méide agus na próifíle priacal a bhraitear leo;

(d) risíochtaí ar rialtais láir agus ar bhainc cheannais na mBallstát agus a gcuid rialtas réigiúnach, údarás áitiúil, comhlachtaí riaracháin agus a n-eintitis san earnáil phoiblí ar an gcoinníoll:

(i) nach bhfuil aon difríocht ó thaobh priacal idir na risíochtaí ar an rialtas láir sin agus ar na bainc cheannais agus na risíochtaí eile sin i ngeall ar shocruithe poiblí sonracha, agus

▼M11

(ii) go ndéantar ualú priacail 0 % a shannadh do risíochtaí ar rialtais láir agus ar bhainc cheannais faoi Airteagal 114(2) nó (4);

▼B

(e) risíochtaí institiúide ar chontrapháirtí arb é a máthairghnóthas, a fochuideachtaí nó fochuideachta a máthairghnóthais é ar an gcoinníoll gurb é atá sa chontrapháirtí ná institiúid nó cuideachta shealbhaíochta airgeadais, cuideachta shealbhaíochta airgeadais atá ag plé le gníomhaíochtaí measctha, institiúid airgeadais, cuideachta bhainistíochta sócmhainní nó gnóthas seirbhísí coimhdeacha atá faoi réir ag ceanglais stuamachta iomchuí nó gnóthas atá nasctha trí ghaolmhaireacht de réir bhrí Airteagal 12(1) de Threoir 83/349/CEE;

(f) risíochtaí idir institiúidí a chomhlíonann na ceanglais atá leagtha amach in Airteagal 113(7);

(g) risíochtaí cothromais ar eintitis a sanntar ualú priacal 0 % ar a gcuid oibleagáidí creidmheasa faoi Chaibidil 2 lena n-áirítear na heintitis sin atá urraithe go poiblí áit is féidir ualú priacal 0 % a chur i bhfeidhm;

(h) risíochtaí ar chothromas arna dtabhú faoi chláir reachtacha chun earnálacha sonraithe den gheilleagar a chur chun cinn a sholáthraíonn fóirdheontais mhóra le hinfheistiú don institiúid agus lena mbaineann roinnt formhaoirseachta agus srianta a chuireann an rialtas ar na hinfheistíochtaí cothromais áit a bhféadfaí risíochtaí den sórt sin a eisiamh, i bhfoirm chomhiomlán, ón gCur Chuige IRB suas go dtí teorainn 10 % de chistí dílse amháin;

(i) risíochtaí a aithníodh in Airteagal 119(4) a chomhlíonann na coinníollacha atá sonraithe ann;

▼B

(j) ráthaíochtaí Stáit agus ráthaíochtaí ath-árachaithe Stáit dá dtagraítear in Airteagal 215(2).

Ceadóidh na húdaráis inniúla an Cur Chuige Caighdeánaithe a chur i bhfeidhm maidir le risíochtaí ar chothromas dá dtagraítear i bpointí (g) agus (h) den chéad fhomhír a ceadaíodh a láimhseáil mar sin i mBallstáit eile. Déanfaidh ÚBE liosta ina bhfuil na risíochtaí dá dtagraítear sna pointí sin agus atá le láimhseáil i gcomhréir leis an gCur Chuige Caighdeánaithe a fhoilsiú ar a láithreán gréasáin agus a nuashonrú go rialta.

2. Chun críocha mhír 1, beidh ábharthacht ag baint le haicme na risíochtaí ar chothromas a bheidh ag institiúid más mó a luach comhiomlán, ►C2 gan risíochtaí ar chothromas arna dtabhú faoi chláir reachtacha dá dtagraítear i bpointe (h) de mhír 1 a áireamh ◄, ar an meán thar an mbliain roimhe sin ná 10 % de chistí dílse na hinstitiúide. I gcás ina bhfuil líon na risíochtaí sin ar chothromas níos ísle ná 10 sealúchas aonair, beidh an tairseach sin ionann le 5 % de chistí dílse na hinstitiúide.

3. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na coinníollacha maidir le pointí (a), (b) agus (c) de mhír 1 a chur i bhfeidhm a chinneadh.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2014.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

4. Eiseoidh ÚBE treoirlínte maidir le cur chun feidhme phointe (d) de mhír 1 in 2018, ina molfar teorainneacha i dtéarmaí céatadán den chlár comhardaithe iomlán agus/nó sócmhainní ualaithe ó thaobh priacal atá le ríomh i gcomhréir leis an gCur Chuige Caighdeánaithe.

Glacfar leis na treoirlínte sin i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

## Roinn 2

## Méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh

### Foroinn 1

### Láimhseáil de réir aicme risíochta

#### *Airteagal 151*

#### Láimhseáil de réir aicme risíochta

▼C2

1. Déanfar méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal le haghaidh priacal creidmheasa ar risíochtaí atá i gceann de na haicmí risíochta dá dtagraítear i bpointí (a) go (e) agus (g) d'Airteagal 147(2), mura n-asbhaintear iad as cistí dílse, a ríomh i gcomhréir le Foroinn 2 ach amháin nuair a asbhaintear na risíochtaí sin as ítimí Gnáthchothromas Leibhéal 1, ítimí de Chaipiteal Breise Leibhéal 1 nó ítimí de Chaipiteal Leibhéal 2.

▼B

2. Déanfar méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal le haghaidh priacal caolúcháin ar earraí infhaighte ceannaithe a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 157. I gcás inar féidir le hinstitiúid dul ar iontaoibh iomlán díoltóra earraí infhaighte ceannaithe le haghaidh priacal mainneachtana agus priacal caolúcháin, ní bheidh feidhm ag forálacha an Airteagail seo agus Airteagal 152 agus Airteagal 158(1) go (4) maidir le hearraí infhaighte ceannaithe agus láimhseálfar an risíocht mar risíocht chomhthaobhaithe.

3. Beidh an ríomh a dhéanfar ar mhéideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal le haghaidh priacal creidmheasa agus priacal caolúcháin bunaithe ar na paraiméadair ábhartha a bhaineann leis an risíocht atá i gceist. Orthu sin tá PD, LGD, aibíocht (dá ngairtear 'M' anseo feasta) agus luach risíochta na risíochta. Féadfar PD agus LGD a mheas ar leithligh nó le chéile, i gcomhréir le Roinn 4.

4. Déanfaidh institiúidí méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh le haghaidh priacal creidmheasa ar na risíochtaí ar fad atá in aicme na risíochtaí 'cothromas' dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 147(2) i gcomhréir le hAirteagal 155. Féadfaidh institiúidí na cur chuigí atá leagtha amach in Airteagal 155(3) agus (4) a úsáid i gcás ina bhfuil cead faighte acu roimh ré ó na húdaráis inniúla. Tabharfaidh údaráis inniúla cead d'institiúid modh na samhlacha inmheánacha atá leagtha amach in Airteagal 155(4) a úsáid, ar an gcoinníoll go gcomhlíonann an institiúid na ceanglais atá leagtha amach i bhForoinn 4 de Roinn 6.

5. Déanfar mhéideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal le haghaidh priacal creidmheasa ar risíochtaí ar iasachtú speisialaithe a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 153(5).

6. Maidir le risíochtaí atá sna haicmí risíochta dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) d'Airteagal 147(2), cuirfidh institiúidí a meastacháin féin ar PDanna ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 143 agus Roinn 6.

7. Maidir le risíochtaí atá san aicme risíochta dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 147(2), cuirfidh institiúidí a meastacháin féin ar LGDanna agus fachtóirí coinbhéartachta ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 143 agus Roinn 6.

8. Maidir le risíochtaí atá sna haicmí risíochta dá dtagraítear i bpointí (a) go (c) d'Airteagal 147(2), cuirfidh institiúidí na luachanna LGD atá leagtha amach in Airteagal 161(1), agus na fachtóirí coinbhéartachta atá leagtha amach in Airteagal 166(8) (a) go (d), i bhfeidhm ach amháin má ceadaíodh di a meastachán féin ar LGDanna agus fachtóirí coinbhéartachta a úsáid i gcás na n-aicmí risíochta sin i gcomhréir le mír 9.

9. Maidir le gach risíocht atá sna haicmí risíochta dá dtagraítear i bpointí (a) go (c) d'Airteagal 147(2), tabharfaidh an t-údarás inniúil cead d'institiúidí a meastacháin féin ar LGDanna agus fachtóirí coinbhéartachta a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 143 agus le hAirteagal 6.

10. Déanfar na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal le haghaidh risíochtaí urrúsaithe agus le haghaidh risíochtaí atá san aicme risíochta dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 147(2) a ríomh i gcomhréir le Caibidil 5.

▼M8

*Airteagal 152*

**Risíochtaí i bhfoirm aonad nó scaireanna in GCanna a láimhseáil**

1. Ríomhfaidh institiúidí an méid risíochta, ualaithe ó thaobh priacail, dá risíochtaí féin i bhfoirm aonad nó scaireanna in GC trí mhéid risíochta, ualaithe ó thaobh priacail, de chuid an GC sin, arna thomhas sin i gcomhréir leis na cineálacha cur chuige a leagtar amach i míreanna 2 agus 5, a iolrú faoi chéatadán na n-aonad nó na scaireanna atá ag na hinstitiúidí sin.

2. I gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 132(3), déanfaidh institiúidí a bhfuil leordhóthain faisnéise acu faoi risíochtaí foluiteacha aonair GC, déanfaidh siad na risíochtaí foluiteacha sin a thrédhearcadh chun an méid risíochta, ualaithe ó thaobh priacail, de chuid an GC sin a ríomh, agus ualú priacail á dhéanamh acu ar gach risíocht fholuiteach de chuid an GC amhail agus dá mba leis na hinstitiúidí féin iad.

3. De mhaolú ar phointe (d) d'Airteagal 92(3), féadfaidh institiúidí a ríomhfaidh méid risíochta risíochtaí GC atá ualaithe ó thaobh priacal i gcomhréir le mír 1 nó 2 den Airteagal seo, féadfaidh siad méid is ionann agus 50 % de cheanglais císte dílse na risíochtaí díorthach sin a ríomh don cheanglais cistí dísle do phriacal coigeartaithe luachála creidmheasa a risíochtaí díorthacha arna ríomh i gcomhréir le Roinn 3, le Roinn 4 nó le Roinn 5 de Chaibidil 6 den Teideal seo, de réir mar is infheidhme.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, agus an ceanglas cistí dísle do dhíorthach priacail ó choigeartú luachála creidmheasa á ríomh aici, féadfaidh institiúid risíochtaí a eisiamh ón ríomh sin nach mbeadh faoi réir an cheanglais i gcás inar thabhaigh an institiúid go díreach iad.

4. Maidir le hinstitiúidí a chuireann cur chuige na trédhearcachta i bhfeidhm i gcomhréir le mír 2 agus le mír 3 den Airteagal seo agus a chomhlíonann na coinníollacha maidir le páirtúsáid bhuan i gcomhréir le hAirteagal 150, nó nach gcomhlíonann na coinníollacha maidir leis na modhanna a leagtar amach sa Chaibidil seo nó ceann amháin nó níos mó de na modhanna a leagtar amach i gCaibidil 5 a úsáid do risíochtaí foluiteacha uile an GC nó do chodanna díobh, ríomhfaidh na hinstitiúidí sin méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh i gcomhréir leis na prionsabail seo a leanas:

(a) maidir le risíochtaí a shanntar d'aicme na risíochta ar chothromas dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 147(2), cuirfidh institiúidí an cur chuige simplí maidir le hualú priacail i bhfeidhm a leagtar amach in Airteagal 155(2);

(b) maidir le risíochtaí a shanntar do na hítimí a ionadaíonn do shuíomhanna urrúsúcháin dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 147(2), cuirfidh institiúidí an láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 254 i bhfeidhm amhail is dá mbeadh na risíochtaí sin i seilbh na n-institiúidí sin go díreach;

(c) maidir le gach risíocht fhorluiteach eile, cuirfidh institiúidí i bhfeidhm an Cur Chuige Caighdeánaithe a leagtar síos i gCaibidil 2 den Teideal seo.

Chun críocha phointe (a) den chéad fhomhír, i gcás nach mbeidh an institiúid in ann idirdhealú a dhéanamh idir risíochtaí ar chothromas príobháideach, risíochtaí a thrádáiltear ar an malartán agus risíochtaí eile cothromais, láimhseálfaidh sí na risíochtaí lena mbaineann mar risíochtaí cothromais eile.

▼M8

5. I gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach faoi Airteagal 132(3), féadfaidh institiúidí nach bhfuil leordhóthain faisnéise acu faoi risíochtaí foluiteacha aonair GC, féadfaidh siad méid risíochta na risíochtaí sin atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh i gcomhréir leis an gcur chuige bunaithe ar shainordú a leagtar amach in Airteagal 132a(2). Os a choinne sin, i gcás na risíochtaí a liostaítear i bpointí (a), (b) agus (c) de mhír 4 den Airteagal seo, cuirfidh institiúidí na cineálacha cur chuige i bhfeidhm a leagtar amach ann.

6. Faoi réir Airteagal 132b(2), na hinstitiúidí sin nach gcuireann cur chuige na trédhearcachta i bhfeidhm i gcomhréir le mír 2 agus le mír 3 den Airteagal seo nó nach gcuireann an cur chuige bunaithe ar shainordú i bhfeidhm i gcomhréir le mír 5 den Airteagal seo, cuirfidh siad an cur chuige cúltaca dá dtagraítear in Airteagal 132(2) i bhfeidhm.

7. Féadfaidh institiúidí méid risíochta, ualaithe ó thaobh priacail, dá risíochtaí féin i bhfoirm aonad nó scaireanna i GC a ríomh trí na cineálacha cur chuige dá dtagraítear sa Airteagal seo a chomhcheangal, ar chuntar go gcomhlíonfar na coinníollacha maidir leis na cineálacha cur chuige sin a úsáid.

8. Féadfaidh institiúidí nach bhfuil leordhóthain sonraí nó faisnéise acu chun méid risíochta, ualaithe ó thaobh priacail de chuid GC a ríomh i gcomhréir leis na cineálacha cur chuige a leagtar amach i míreanna 2, 3, 4 agus 5, féadfaidh siad brath ar ríomhanna atá déanta ag tríú páirtí, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas ar fad:

(a) is ceann díobh seo a leanas an tríú páirtí:

   (i) institiúid taisclainne nó institiúid taisclainne airgeadais an GC sin, ar chuntar go ndéanfaidh an GC infheistíocht eisiach in urrúis agus go ndéanfaidh sí gach urrús a chur i dtaisce san institiúid taisclainne sin nó san institiúid taisclainne airgeadais sin;

   (ii) maidir le GCanna nach gcumhdaítear le pointe (i) den phointe seo, an chuideachta bainistíochta GC, ar choinníoll go gcomhlíonfaidh cuideachta bainistíochta an GC sin na critéir a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 132(3);

(b) maidir le risíochtaí seachas iad siúd a liostaítear i bpointí (a), (b) agus (c) de mhír 4 den Airteagal seo, déanfaidh an tríú páirtí an ríomh i gcomhréir leis an gcur chuige a leagtar amach in Airteagal 132a(1);

(c) maidir leis na risíochtaí a liostaítear i bpointí (a), (b) agus (c) de mhír 4, déanfaidh an tríú páirtí an ríomh i gcomhréir leis na cineálacha cur chuige a leagtar amach inti;

(d) daingneoidh iniúchóir seachtrach cruinneas an ríomha a rinne an tríú páirtí.

Déanfaidh institiúidí a bheidh ag brath ar ríomhanna atá déanta ag tríú páirtí na méideanna risíochta, ualaithe ó thaobh priacail, de risíochtaí GCa thagann as na ríomhanna sin a iolrú faoi fhachtóir 1,2.

De mhaolú ar an dara fomhír, i gcás ina mbeidh rochtain neamhshrianta ag an institiúid ar ríomhanna mionsonraithe arna ndéanamh ag an tríú páirtí, ní bheidh feidhm ag an bhfachtóir 1,2. Tabharfaidh an institiúid na ríomhanna sin dá húdarás inniúil arna iarraidh sin uirthi.

9. Chun críocha an Airteagail seo, beidh feidhm ag na forálacha atá in Airteagal 132(5) agus (6) agus in Airteagal 132b. Chun críocha an Airteagail seo, beidh feidhm ag Airteagal 132c, agus na hualuithe priacail arna ríomh i gcomhréir le Caibidil 3 den Teideal seo á n-úsáid.

▼B

Foroinn 2

**Méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh do priacal creidmheasa**

*Airteagal 153*

**Méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal i gcás risíochtaí ar chorparáidí, institiúidí agus rialtais láir agus ar bhainc cheannais.**

1. Faoi réir ag cur chun feidhme na láimhseálacha sonracha atá leagtha amach i míreanna 2, 3 agus 4, déanfar na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal i gcás risíochtaí ar chorparáidí, institiúidí agus rialtais láir agus ar bhainc cheannais a ríomh de réir na foirmle seo a leanas:

$$\textit{Méid neamhchosanta atá ualaithe ó thaobh riosca} = RW \cdot \textit{luach na neamhchosanta}$$

mar a bhfuil an t-ualú priacal RW arna shainiú mar a leanas:

(i) má tá PD = 0, beidh RW cothrom le 0;

▼C2

(ii) má tá PD = 1, i.e. le haghaidh risíochtaí a mhainnigh:

— i gcás ina gcuireann institiúidí na luachanna LGD atá leagtha amach in Airteagal 161(1) i bhfeidhm, beidh RW cothrom le 0;

— i gcás ina n-úsáideann institiúidí a meastacháin féin ar LGDanna, beidh RW amhlaidh le

$$RW = \max\{0; 12{,}5 \cdot (LGD - EL_{BE})\};$$

▼B

mar a mbeidh an meastachán is fearr maidir leis an gcaillteanas ionchasach (dá ngairtear '$EL_{BE}$' anseo feasta) ionann leis an meastachán is fearr atá ag an institiúid ar chaillteanas ionchasach don risíochta mhainnigh i gcomhréir le hAirteagal 181(1)(h);

(iii) má tá 0 < PD < 1

$$RW = \left( LGD \cdot N\left( \frac{1}{\sqrt{1 - R}} \cdot G(PD) + \sqrt{\frac{R}{1-R}} \cdot G(0.999) \right) - LGD \cdot PD \right) \cdot \frac{1 + (M - 2{,}5) \cdot b}{1 - 1{,}5 \cdot b} \cdot 12{,}5 \cdot 1{,}06$$

nuair atá

N(x) = an fheidhm dáileacháin charnaigh d’athróg randamach normálta caighdeánach (i.e. an dóchúlacht go bhfuil athróg randamach normálta le meán de nialas agus athraitheas d’aon níos lú ná, nó cothrom le, x);

G (Z) = an fheidhm dáileacháin charnaigh inbhéartaigh d'athróg randamach normálta caighdeánach (i.e. luach x sa chaoi is go bhfuil N(x) = z);

R = an chomhéifeacht comhghaolúcháin, arna sainiú mar

$$R = 0.12 \cdot \frac{1 - e^{-50 \cdot PD}}{1 - e^{-50}} + 0.24 \cdot \left( 1 - \frac{1 - e^{-50 \cdot PD}}{1 - e^{-50}} \right)$$

b = an fachtóir coinbhéartachta aibíochta, arna shainiú mar. $b = (0.11852 - 0.05478 \cdot \ln(PD))^2$.

2. Maidir le gach risíocht ar mhóreintitis san earnáil airgeadais, iolraítear comhéifeacht comhghaolúcháin mhír 1(iii) faoi 1,25. ►C2 Maidir le gach risíocht ar eintitis earnála airgeadais neamhrialáilte, iolraítear comhéifeachtaí comhghaolúcháin a leagtar amach i mír 1(iii) agus i mír 4, de réir mar is ábhartha, faoi 1,25. ◄

3. Féadfar an méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal maidir le gach risíochta chomhlíonann na ceanglais atá leagtha amach in Airteagal 202 agus 217 a choigeartú de réir na foirmle seo a leanas:

▼B

$$\textit{Méid neamhchosanta atá ualaithe ó thaobha riosca} = RW \cdot \textit{luach na neamhchosanta} \cdot (0.15 + 160 \cdot PD_{pp})$$

nuair atá:

$PD_{pp}$ = PD sholáthraí na cosanta.

Déanfar RW a ríomh ag úsáid na foirmle ábhartha maidir le hualú priacal atá leagtha amach i bpointe 1 i gcás na risíochta, PD an oibleagáideora agus LGD ó risíocht dhíreach inchomparáide ar sholáthraí na cosanta. Ríomhfar an fachtóir aibíochta (b) ag úsáid an PD is ísle as measc PD sholáthraí na cosanta agus PD an oibleagáideora.

4. Maidir le risíochtaí ar chuideachtaí ina bhfuil líon na ndíolachán bliantúil don ghrúpa comhdhlúite a bhfuil an gnólacht ina chuid de níos lú ná EUR 50 milliún, féadfaidh institiúidí an fhoirmle chomhghaoil seo a leanas i mír 1 (iii) a úsáid chun ualaí priacal ar risíochtaí ar chorparáidí a ríomh. San fhoirmle seo sloinntear S mar an díolachán bliantúil iomlán i milliúin Euro, mar a bhfuil EUR 5 milliún $\leq$ S $\leq$ EUR 50 milliún. Déanfar díolacháin thuairiscithe níos ísle ná EUR 5 milliún a láimhseáil amhail is go raibh siad ionann le EUR 5 milliún. I gcás earra infhaighte ceannaithe beidh an díolachán bliantúil iomlán ionann leis an meán ualaithe de réir risíochtaí aonair an chomhthiomsaithe.

$$R = 0.12 \cdot \frac{1 - e^{-50 \cdot PD}}{1 - e^{-50}} + 0.24 \cdot \left(1 - \frac{1 - e^{-50 \cdot PD}}{1 - e^{-50}}\right) - 0.04 \cdot \left(1 - \frac{\min\{\max\{5,S\},50\} - 5}{45}\right)$$

Déanfaidh institiúidí an díolachán bliantúil iomlán a chur in ionad shócmhainní iomlána an ghrúpa chomhdhlúite nuair nach táscaire fóinteach é an díolachán bliantúil iomlán ar mhéid an ghnólachta agus nuair is táscaire níos fóintí iad iomlán na sócmhainní ná an díolachán bliantúil iomlán.

5. Maidir le risíochtaí ar iasachtú speisialaithe nach bhfuil institiúid in ann meastachán a thabhairt ar PDanna ina leith nó nach gcomhlíonann meastacháin PD na n-institiúidí na ceanglais atá leagtha amach i Roinn 6, déanfaidh an institiúid ualaí priacal a shannadh do na risíochtaí sin de réir Thábla 1, mar seo a leanas:

*Tábla 1*

| Aibíocht Iarmhair | Catagóir 1 | Catagóir 2 | Catagóir 3 | Catagóir 4 | Catagóir 5 |
|---|---|---|---|---|---|
| Níos lú ná 2.5 bliain | 50 % | 70 % | 115 % | 250 % | 0 % |
| Cothrom le, nó níos mó ná, 2,5 bliain | 70 % | 90 % | 115 % | 250 % | 0 % |

Agus ualaí priacal á sannadh do risíochtaí ar iasachtú speisialaithe, cuirfidh institiúidí na fachtóirí seo a leanas san áireamh: láidreacht airgeadais, an timpeallacht pholaitiúil agus dhlíthiúil, tréithe idirbhirt agus/nó sócmhainne, láidreacht an urraitheora agus an fhorbróra, lena n-áirítear aon sruth ioncaim ó chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí, agus pacáiste slándála.

6. Maidir lena gcuid earraí infhaighte ceannaithe corparáideacha, comhlíonfaidh institiúidí na ceanglais atá leagtha amach in Airteagal 184. Maidir le hearraí infhaighte ceannaithe corparáideacha a chomhlíonann freisin na coinníollacha atá leagtha amach in Airteagal 154(5), agus i gcás ina mbeadh sé ródhian ar institiúid na caighdeáin chainníochtaithe priacal a úsáid i gcás risíochtaí ar chorparáidí mar atá leagtha amach i Roinn 6 do na hearraí infhaighte sin, féadfar na caighdeáin chainníochtaithe priacal i gcás risíochtaí ar mhiondíol mar atá leagtha amach i Roinn 6 a úsáid.

▼M5

7. Maidir le hearraí infhaighte ceannaithe corparáideacha, lascainí ceannaigh inaisíoctha, ráthaíochtaí comhthaobhachta nó páirteacha a thugann cosaint chéadchaillteanais ar chaillteanais mhainneachtana, chaillteanais chaolúcháin, nó an dá chineál caillteanais sin, féadfaidh ceannaitheoir na n-earraí infhaighte nó tairbhí na ráthaíochta comhthaobhachta nó páirtí iad a láimhseáil mar chosaint chéadchaillteanais i gcomhréir le Foroinn 2 agus Foroinn 3 i Roinn 3 de Chaibidil 5. An díoltóir a sholáthraíonn an lascaine ceannaigh inaisíoctha agus an té a sholáthraíonn ráthaíochtaí comhthaobhachta nó páirteacha, déanfaidh siad iad a láimhseáil mar risíocht ar shuíomh céadchaillteanais i gcomhréir le Foroinn 2 agus Foroinn 3 de Roinn 3 de Chaibidil 5.

8. I gcás ina dtugann institiúid cosaint chreidmheasa do roinnt risíochtaí ar an gcoinníoill go spreagfaidh an n-ú mainneachtain i measc na risíochtaí íocaíocht agus go ndéanfar an conradh a fhoirceannadh leis an teagmhas creidmheasa sin, déanfar comhiomlánú ar ualaí priacal na risíochtaí a áireofar sa bhascaed, agus risíochtaí n-1 á n-eisiamh, i gcás nach mó suim mhéid an chaillteanais ionchasaigh iolraithe faoi 12, 5 agus méid na risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal ná méid ainmniúil na cosanta arna tabhairt ag an díorthach creidmheasa iolraithe faoi 12,5. Cinnfear na risíochtaí n-1 atá le heisiamh ón gcomhiomlánú ar an mbonn go n-áireofar na risíochtaí sin a dtáirgeann gach ceann acu méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal atá níos ísle ná an méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal d'aon cheann de na risíochtaí atá áirithe sa chomhiomlánú. Beidh feidhm ag ualú priacal 1 250 % maidir le suíomhanna i mbascaed nach féidir le hinstitiúid an t-ualú priacal a chinneadh ina leith faoin gCur Chuige IRB.

▼B

9. Forbróidh an ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn a léiriú mar a chuirfidh institiúidí na fachtóirí dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 5 san áireamh nuair a bheidh ualaí priacal á sannadh do risíochtaí ar iasachtú speisialaithe.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2014.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 154*

**Méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal i gcás risíochtaí ar mhiondíol**

1. Déanfar méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal i gcás risíochtaí ar mhiondíol a ríomh de réir na foirmle seo a leanas:

*Méid na neamhchose nta ualaithe ó thaobh riosca = RW · luach na neamhchose nta*

mar a bhfuil an t-ualú priacal RW arna shainiú mar a leanas:

(i) má tá PD = 1, i.e. le haghaidh risíochtaí a mhainnigh, beidh RW amhail le

$$RW = \max\ \{0{,}12.5 \cdot (LGD - EL_{BE})\};$$

mar a mbeidh $EL_{BE}$ ionann leis an meastachán is fearr atá ag an institiúid ar chaillteanas ionchasach don risíochta mhainnigh i gcomhréir le hAirteagal 181(1)(h);

▼B

(ii) má tá 0 < PD < 1, i.e., maidir le haon luach do PD seachas mar atá faoi (i)

$$RW = \left( LGD \cdot N \left( \frac{1}{\sqrt{1-R}} \cdot G(PD) + \sqrt{\frac{R}{1-R}} \cdot G(0.999) \right) - LGD \cdot PD \right) \cdot 12{,}5 \cdot 1{,}06$$

nuair atá

N(x) = an fheidhm dáileacháin charnaigh d'athróg randamach normálta caighdeánach (i.e. an dóchúlacht go bhfuil athróg randamach normálta le meán de nialas agus athraitheas d'aon níos lú ná, nó cothrom le, x);

G (Z) = an fheidhm dáileacháin charnaigh inbhéartaigh d'athróg randamach normálta caighdeánach (i.e. luach x sa chaoi is go bhfuil N(x) = z);

R = an chomhéifeacht comhghaolúcháin, arna sainiú mar

$$R = 0.03 \cdot \frac{1 - e^{-35 \cdot PD}}{1 - e^{-35}} + 0.16 \cdot \left( 1 - \frac{1 - e^{-35 \cdot PD}}{1 - e^{-35}} \right)$$

2. Féadfar an méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal maidir le gach risíocht ar FBM dá dtagraítear in Airteagal 147(5) a chomhlíonann na ceanglais atá leagtha amach in Airteagal 202 agus Airteagal 217 a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 153(3).

3. Maidir le risíochtaí ar mhiondíol arna n-urrú le comhthaobhacht maoine dochorraithe, cuirfear comhéifeacht comhghaolúcháin R de 0,15 in ionad an fhigiúir a thig ón bhfoirmle chomhghaoil i mír 1.

4. Maidir le risíochtaí imrothlacha cáilitheacha ar mhiondíol i gcomhréir le pointí (a) go (e), cuirfear comhéifeacht comhghaolúcháin R de 0,04 in ionad an fhigiúir a thig ón bhfoirmle chomhghaoil i mír 1.

Cáileoidh risíochtaí mar risíochtaí imrothlacha cáilitheacha ar mhiondíol má chomhlíonann siad na coinníollacha seo a leanas:

(a) is ar dhaoine aonair a dhéantar na risíochtaí;

(b) is risíochtaí imrothlacha iad, tá siad neamhurraithe, agus sa mhéid is nach dtarraingítear láithreach iad agus iad inchealaithe go neamhchoinníollach ag an institiúid. Sa chomhthéacs sin, sainmhínítear risíochtaí imrothlacha mar risíochtaí ina gceadaítear iarmhéideanna custaiméirí luainiú bunaithe ar a gcuid cinntí iasacht a fháil agus a aisíoc, suas go dtí teorainn arna leagan síos ag an institiúid. Féadfar a mheas go bhfuil na línte creidmheasa miondíola inchealaithe go neamhchoinníollach má cheadaíonn na téarmaí don institiúid na línte sin a chealú an oiread atá ceadaithe faoi reachtaíocht cosanta tomhaltóirí agus faoi reachtaíocht ghaolmhar;

(c) is ionann an risíocht uasta ar dhuine aonair san fho-phunann agus EUR 100 000 nó níos lú;

▼B

(d) tá úsáid an chomhghaoil sa mhír seo teoranta do phunanna a thaispeáin luaineacht íseal maidir le rátaí caillteanais, i gcoibhneas lena meánleibhéal rátaí caillteanais, go háirithe laistigh de bhannaí íseal PD;

(e) beidh an láimhseáil mar risíocht imrothlach cháilitheach ar mhiondíol comhsheasmhach le saintréithe fholuiteacha priacal na fo-phunainne.

De mhaolú ar phointe (b), ní bheidh feidhm ag an gceanglas a bheith neamhurraithe maidir le saoráidí creidmheasa comhthaobhaithe atá nasctha le cuntas pá. Sa chás sin, ní chuirfear san áireamh méideanna a ghnóthófar ón gcomhthaobhacht sa mheastachán LGD.

Déanfaidh údaráis inniúla athbhreithniú ar luaineacht choibhneasta na rátaí caillteanais ar fud na bhfo-phunann de risíochtaí imrothlacha cáilitheacha ar mhiondíol, chomh maith leis an bpunann comhiomlán de risíochtaí imrothlacha cáilitheacha ar mhiondíol, agus roinnfidh siad faisnéis faoi ghnáth-shaintréithe na rátaí caillteanais de risíochtaí imrothlacha cáilitheacha ar mhiondíol ar fud na mBallstát.

5. Le bheith incháilithe don láimhseáil mhiondíola, comhlíonfaidh na hearraí infhaighte ceannaithe na ceanglais atá leagtha amach in Airteagal 184 agus na coinníollacha seo a leanas:

(a) cheannaigh an institiúid na hearraí infhaighte ó dhíoltóirí tríú páirtí neamhghaolmhara, agus ní áirítear lena risíocht ar oibleagáideoir an earra infhaighte aon risíochtaí arna dtionscnamh go díreach nó go hindíreach ag an institiúid féin;

(b) ginfear na hearraí infhaighte ceannaithe ar neamhthuilleamaí idir an díoltóir agus an t-oibleagáideoir. Dá bhrí sin, ní bheidh cuntais infhála idir chuideachtaí ná earraí infhaighte faoi réir ag cuntais chontra idir gnólachtaí a cheannaíonn óna chéile agus a dhíolann lena chéile incháilithe;

(c) tá éileamh ag an institiúid cheannaigh ar gach fáltas ó na hearraí infhaighte ceannaithe nó tá ús pro-rata aici sna fáltais; agus

(d) tá punann na n-earraí infhaighte ceannaithe éagsúlaithe a dhóthain.

▼M5

6. Maidir le hearraí infhaighte ceannaithe miondíola, lascainí ceannaigh inaisíoctha, ráthaíochtaí comhthaobhachta nó páirteacha a thugann cosaint chreidmheasa chéadchaillteanais ar chaillteanais mhainneachtana, caillteanais chaolúcháin, nó an dá chineál caillteanais sin, féadfaidh ceannaitheoir na n-earraí infhaighte iad a láimhseáil mar chosaint chéadchaillteanais i gcomhréir le Foroinn 2 agus Foroinn 3 de Roinn 3 de Chaibidil 5. An díoltóir a sholáthraíonn an lascaine ceannaigh inaisíoctha agus an té a sholáthraíonn ráthaíocht comhthaobhachta nó ráthaíocht páirteach, déanfaidh siad iad a láimhseáil mar risíocht ar shuíomh céadchaillteanais i gcomhréir le Foroinn 2 agus Foroinn 3 de Roinn 3 de Chaibidil 5.

▼B

7. Maidir le comhthiomsuithe hibrideacha d'earraí infhaighte miondíola ceannaithe, i gcás nach féidir le hinstitiúidí ceannaigh risíochtaí arna n-urrú le comhthaobhacht maoine dochorraithe agus risíochtaí imrothlacha cáilitheacha ar mhiondíol a scaradh ó risíochtaí eile ar mhiondíol, beidh feidhm maidir leis na risíochtaí sin ag an bhfeidhm ualaithe priacal ar mhiondíol a tháirgeann na ceanglais cistí dílse is airde.

▼B

*Airteagal 155*

**Méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal i gcás risíochtaí ar chothromas**

1. Socróidh institiúidí a gcuid méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal i gcás risíochtaí ar chothromas, cé is moite díobh sin a asbhaintear i gcomhréir le Cuid a Dó nó atá faoi réir ag ualú priacal 250 % i gcomhréir le hAirteagal 48, i gcomhréir leis na cur chuige atá leagtha amach i mír 2, i mír 3 agus i mír 4 den Airteagal seo. Féadfaidh institiúid cur chuige éagsúil a chur i bhfeidhm maidir le punanna éagsúla cothromais i gcás ina n-úsáideann an institiúid féin cineálacha cur chuige éagsúla chun críocha bainisithe priacal inmheánach. I gcás ina n-úsáideann institiúid cineálacha éagsúla cur chuige, déanfar an rogha maidir le cur chuige PD/LGD nó cur chuige samhlacha inmheánacha go comhsheasmhach, lena n-áirítear le himeacht ama agus leis an gcur chuige a mbaintear úsáid as le haghaidh bainistithe priacal inmheánach na risíochtaí ábhartha ar chothromas, agus ní chinnfear é trí chomaoineacha arbatráiste rialála.

Féadfaidh institiúidí risíochtaí cothromais ar ghnóthais seirbhísí coimhdeacha a láimhseáil de réir mar a láimhseáiltear sócmhainní eile nach oibleagáid chreidmheasa iad.

2. Faoin gcur chuige ualaithe priacal Simplí, ríomhfar méid na risíochta ualaithe ó thaobh priacal de réir na foirmle seo:

$$\textit{Méid na risíochta ualaithe ó thaobh priacal} = RW * \textit{luach na risíochta},$$

Ualú priacal (RW) = 190 % i gcás risíochtaí ar chothromas príobháideach i bpunanna atá éagsúlaithe a ndóthain.

Ualú priacal (RW) = 290 % i gcás risíochtaí ar chothromas atá trádáilte ar an malartán.

Ualú priacal (RW) = 370 % do risíochtaí uile eile ar chothromas.

I gcás suíomh gearr airgid agus ionstraimí díorthacha arna sealbhú sa leabhar neamhthrádála, féadfaidh siad suímh fhada a fhritháireamh sna stoic aonair chéanna ar an gcoinníoll gur ainmníodh go sainráite na hionstraimí sin mar fhálú ar risíochtaí ar chothromas sonrach agus go dtabharfaidh siad fálú ar feadh bliana eile ar a laghad. Láimhseálfar suímh ghearra eile amhail is gur suímh fhada iad agus beidh an t-ualú priacal ábhartha sannta do luach absalóideach gach suímh. I gcomhthéacs na suímh mhí-oiriúnaithe maidir le haibíocht, is é an modh a úsáidfear ná an modh sin a úsáidtear i gcás risíochtaí ar chorparáidí mar atá leagtha amach in Airteagal 162(5).

Féadfaidh institiúidí cosaint neamhchistithe creidmheasa a aithint a fuarthas ar risíocht ar chothromas i gcomhréir leis na modhanna atá leagtha amach i gCaibidil 4.

3. Faoin gcur chuige PD/LGD, déanfar na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh de réir na bhfoirmlí in Airteagal 153(1). Mura bhfuil dóthain faisnéise ag institiúidí chun úsáid a bhaint as an sainmhíniú ar mhainneachtain atá leagtha amach in Airteagal 178, déanfar fachtóir scálúcháin 1,5 a shannadh do na hualaí priacal.

▼B

Ar leibhéal na risíochta aonair, ní bheidh méid an chaillteanais ionchasaigh arna iolrú faoi 12,5 móide méid na risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal níos airde ná luach na risíochta arna iolrú faoi 12,5.

Féadfaidh institiúidí cosaint neamhchistithe creidmheasa a aithint a fuarthas ar risíocht ar chothromas i gcomhréir leis na modhanna atá leagtha amach i gCaibidil 4. Beidh sé sin faoi réir LGD 90 % ar an risíocht ar sholáthraí an fhálaithe. Maidir le risíochtaí ar chothromas príobháideach i bpunanna atá éagsúlaithe a ndóthain, féadfar LGD 65 % a úsáid. Chun na críocha sin beidh M cothrom le cúig bliana.

4. Faoi mhodh na samhlacha inmheánacha, beidh méid na risíochta ualaithe ó thaobh priacal cothrom leis an gcaillteanas ionchasach ar risíochtaí na hinstitiúide ar chothromas arna dhíorthú ag úsáid na samhlacha inmheánacha den luach faoi phriacal faoi réir ag an 99ú peircintíl, eatramh muiníne aonfhoircneach den difríocht idir tuairisceáin ráithiúla agus ráta saor ó priacal iomchuí arna ríomh thar thréimhse shamplach fhadtéarmach, arna iolrú faoi 12,5. Ní bheidh na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal ar leibhéal na punainne cothromais níos lú ná iomlán na suimeanna seo a leanas:

(a) na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal atá ceangailte faoin gCur Chuige PD/LGD; agus

(b) méideanna comhfhreagracha an chaillteanais ionchasaigh arna iolrú faoi 12,5.

Déanfar na méideanna dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) a ríomh ar bhonn na luachanna PD atá leagtha amach in Airteagal 165(1) agus na luachanna LGD comhfhreagracha atá leagtha amach in Airteagal 165(2).

Féadfaidh institiúidí cosaint neamhchistithe creidmheasa a aithint a fuarthas ar shuímh chothromais.

*Airteagal 156*

**Méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal i gcás sócmhainní eile nach oibleagáid chreidmheasa iad**

Déanfar méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal i gcás sócmhainní eile nach oibleagáid chreidmheasa iad a ríomh de réir na foirmle seo a leanas:

$$Risk - weighted\ \ exposure\ \ amount = 100\ \% \cdot exposure\ \ value,$$

ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) airgead ar láimh agus ítimí coibhéiseacha airgid chomh maith le hórbhuillean arna shealbhú ina bhoghtaí féin nó ar bhonn leithd-háilte, sa mhéid is go bhfuil sé cumhdaithe ag dliteanais bhuillin, déanfar ualú priacal 0 % a shannadh dóibh;

(b) nuair is luach iarmharach de shócmhainní léasaithe í an risíocht, is mar seo a leanas a ríomhfar í:

$$\frac{1}{t} \cdot 100\ \ \% \cdot exposure\ \ value$$

▼B

i gcás ina bhfuil t ar an méid is airde idir 1 agus an líon is gaire de bhlianta iomlána atá fágtha sa léas.

Foroinn 3

**Méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh le haghaidh priacal caolúcháin ar earraí infhaighte ceannaithe**

*Airteagal 157*

**Méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal le haghaidh priacal caolúcháin ar earraí infhaighte ceannaithe**

1. Déanfaidh institiúidí na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal le haghaidh priacal caolúcháin ar earraí infhaighte ceannaithe corparáideacha agus miondíola a ríomh de réir na foirmle atá leagtha amach in Airteagal 153(1).

2. Déanfaidh institiúidí na paraiméadair ionchuir maidir le PD agus LGD a chinneadh i gcomhréir le Roinn 4.

3. Déanfaidh institiúidí luach na risíochta a chinneadh i gcomhréir le Roinn 5.

4. Chun críocha an Airteagail seo, tá luach M ionann le bliain amháin.

5. Déanfaidh na húdaráis inniúla institiúid a dhíolmhú ó ríomh agus aithint na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal le haghaidh priacal caolúcháin maidir le cineál risíochta a tharlaíonn de bharr earraí infhaighte ceannaithe corparáideacha nó miondíola i gcás inar léirigh an institiúid chun sástachta an údaráis inniúil go bhfuil an priacal caolúcháin neamhábhartha don institiúid sin maidir le risíocht den chineál sin.

Roinn 3

**Méideanna an chaillteanais ionchasaigh**

*Airteagal 158*

**Láimhseáil de réir chineál na risíochta**

1. Ríomhfar méideanna an chaillteanais ionchasaigh ar bhonn na bhfigiúirí ionchuir céanna maidir le PD, LGD agus luach na risíochta do gach risíocht a úsáidtear chun méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 151.

2. Ríomhfar méideanna an chaillteanais ionchasaigh do risíochtaí urrúsaithe i gcomhréir le Caibidil 5.

3. Is ionann agus nialas méid an chaillteanais ionchasaigh do risíochtaí a bhaineann leis an aicme "sócmhainní eile gan oibleagáidí creidmheasa" dá dtagraítear i bpointe (g) in Airteagal 147(2).

4. Ríomhfar méideanna an chaillteanais ionchasaigh i gcás risíochtaí i bhfoirm scaireanna agus aonad GC dá dtagraítear in Airteagal 152 i gcomhréir leis na modhanna atá leagtha amach san Airteagal seo.

▼B

5. Ríomhfar an caillteanas ionchasach (EL) agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh i gcás risíochtaí ar chorparáidí, ar institiúidí, ar rialtais láir agus ar bhainc cheannais agus ar risíochtaí ar mhiondíol de réir na bhfoirmlí seo a leanas:

$$Caillteanas\ \ ionchasach\ (EL) = PD\ *\ LGD$$

Méid an chaillteanais ionchasaigh = EL [iolraithe faoi] luach na risíochta.

I gcás risíochtaí a mhainnigh (PD =100 %) nuair a úsáideann institiúidí a meastacháin féin ar LGD, beidh EL cothrom le $EL_{BE}$, an meastachán is fearr de chuid na hinstitiúide ar an gcaillteanas ionchasach i gcás na risíochta a mhainnigh, i gcomhréir le hAirteagal 181(1)(h).

I gcás risíochtaí atá faoi réir na láimhseála atá leagtha amach in Airteagal 153(3), beidh EL cothrom le 0 %.

6. Is de réir Thábla 2 a shannfar luachanna EL na risíochtaí ar iasachtú speisialaithe i gcás ina n-úsáideann institiúidí na modhanna atá leagtha amach in Airteagal 153(5) maidir le hualuithe priacal a shannadh.

*Tábla 2*

| Aibíocht Iarmhair | Catagóir 1 | Catagóir 2 | Catagóir 3 | Catagóir 4 | Catagóir 5 |
|---|---|---|---|---|---|
| Níos lú ná 2.5 bliain | 0 % | 0,4 % | 2,8 % | 8 % | 50 % |
| Cothrom le 2.5 bliain nó níos mó ná sin | 0,4 % | 0,8 % | 2,8 % | 8 % | 50 % |

7. Is de réir na foirmle seo thíos a ríomhfar méideanna an chaillteanais ionchasaigh maidir le risíochtaí ar chothromas i gcás ina ríomhtar na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal de réir chur chuige simplí an ualaithe priacal:

$$Expected\ loss\ \ amount = EL \cdot exposure\ \ value$$

Is iad seo a leanas luachanna EL:

Caillteanas ionchasach (EL) = 0.8 % do risíochtaí ar chothromas príobháideach i bpunanna atá éagsúlaithe a ndóthain.

Caillteanas ionchasach (EL) = 0.8 % do risíochtaí ar chothromas arna thrádáil ar an stocmhalartán.

Caillteanas ionchasach (EL) = 2.4 % do gach risíocht eile ar chothromas.

8. Is de réir na bhfoirmlí seo thíos a ríomhfar an caillteanas ionchasach agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh maidir le risíochtaí ar chothromas sa chás ina ríomhtar na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal de réir an chuir chuige PD/LGD:

$$Expected\ \ loss\ (EL) = PD \cdot LGD$$

$$Expected\ loss\ \ amount = EL \cdot exposure\ \ value$$

▼B

9. Is ionann agus nialas méideanna an chaillteanais ionchasaigh maidir le risíochtaí ar chothromas i gcás ina ríomhtar na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal de réir chur chuige na samhlacha inmheánacha.

▼M8

9a. Nialas a bheidh i méid an chaillteanais ionchasaigh le haghaidh gealltanas íosluacha a chomhlíonann na ceanglais go léir a leagtar amach in Airteagal 132c(3).

▼B

10. Ríomhfar méideanna an chaillteanais ionchasaigh maidir le priacal caolúcháin na n-earraí infhaighte ceannaithe de réir na foirmle seo a leanas:

$$Expected\ loss\ (EL) = PD \cdot LGD$$

$$Expected\ loss\ amount = EL \cdot exposure\ value$$

▼M7

*Airteagal 159*

**Láimhseáil mhéideanna an chaillteanais ionchasaigh**

Dealóidh na hinstitiúidí méideanna an chaillteanais ionchasaigh arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 158(5), (6) agus (10) ó na coigeartuithe ginearálta agus sonracha i leith priacal creidmheasa i gcomhréir le hAirteagal 110, ó choigeartuithe luacha breise i gcomhréir le hAirteagail 34 agus 105 agus laghduithe eile i leith cistí dílse a bhaineann leis na risíochtaí sin, ach amháin i gcás na n-asbhaintí arna ndéanamh i gcomhréir le pointe (m) d'Airteagal 36(1). Láimhseálfar lascainí ar risíochtaí sa chlár comhardaithe arna gceannach agus iad ar mainneachtain i gcomhréir le pointe (m) d'Airteagal 166(1) ar an mbealach céanna a láimhseálfar coigeartuithe sonracha i leith priacal creidmheasa. Ní úsáidfear coigeartuithe sonracha i leith priacal creidmheasa ar risíochtaí ar mainneachtain chun méideanna caillteanais ionchasaigh ar risíochtaí eile a chumhdach. Ní áireofar sa ríomh sin méideanna caillteanais ionchasaigh le haghaidh risíochtaí urrúsaithe agus le haghaidh coigeartuithe ginearálta agus sonracha i leith priacal creidmheasa a bhaineann leis na risíochtaí sin.

▼B

cuid 4

**PD, LGD agus aibíocht**

Foroinn 1

**Risíochtaí ar chorparáidí, institiúidí agus rialtais láir agus ar bhainc cheannais**

*Airteagal 160*

**Dóchúlacht mainneachtana (PD)**

1. Beidh PD de chuid risíochta ar chorparáid nó ar institiúid cothrom le 0.03 % ar a laghad.

2. I gcás earraí infhaighte corparáideacha ceannaithe nach bhfuil institiúid in ann meastachán a dhéanamh ar PDanna ina leith nó i gcás nach gcomhlíonann meastacháin PD na hinstitiúide do na ceanglais atá leagtha amach i Roinn 6, cinnfear PDanna na risíochtaí sin de réir na modhanna seo mar a leanas:

(a) i gcás éileamh sinsearach ar earraí infhaighte corparáideacha ceannaithe, is éard a bheidh in PD meastachán EL na hinstitiúide arna roinnt ar LGD do na hearraí infhaighte sin;

▼B

(b) i gcás fo-éileamh ar earraí infhaighte corparáideacha ceannaithe, is é meastachán EL na hinstitiúide a bheidh in PD;

(c) institiúid a mbeidh cead faighte aici ón údarás inniúil úsáid a bhaint as a meastacháin féin ar LGD le haghaidh risíochtaí corparáideacha de bhun Airteagal 143 agus a fhéadfaidh a meastacháin EL le haghaidh earraí infhaighte corparáideacha ceannaithe a mhiondealú ina PDanna agus ina LGDanna ar shlí a mheasfaidh an t-údarás inniúil a bheith iontaofa, féadfaidh sí úsáid a bhaint as an meastachán PD a thig ón miondealú seo.

3. 100 % an PD a bheidh ag oibleagáideoirí mainneachtana.

4. Féadfaidh institiúidí cosaint neamhchistithe creidmheasa sa PD a chur san áireamh i gcomhréir le forálacha Chaibidil 4. I gcás priacal caolúcháin, mar aon le soláthraithe na cosanta dá dtagraítear in Airteagal 201(1)(g), tá díoltóir na n-earraí infhaighte ceannaithe incháilithe má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá measúnú creidmheasa ag an eintiteas corparáideach ó IMCS a bhfuil sé deimhnithe ag ÚBE go mbaineann sé le beart cáilíochta creidmheasa 3 nó le beart níos airde, de réir na rialacha ualaithe priacal maidir le risíochtaí ar chorparáidí faoi Chaibidil 2;

(b) i gcás institiúidí a dhéanann méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh a ríomh de réir an Chuir Chuige IRB, níl measúnú creidmheasa ó IMCS aitheanta ag an eintiteas corparáideach agus tá sé rátáilte go hinmheánach mar chorparáidí a bhfuil PD acu atá coibhéiseach leis an PD a bhaineann le measúnuithe creidmheasa IMCSanna a bhfuil sé deimhnithe ag ÚBE go mbaineann siad le beart cáilíochta creidmheasa 3 nó le beart níos airde de réir na rialacha ualaithe priacal maidir le risíochtaí ar chorparáidí faoi Chaibidil 2;

5. Féadfaidh institiúidí a úsáideann a meastacháin LGD féin cosaint neamhchistithe creidmheasa a aithint trí bhíthin na PDanna a choigeartú faoi réir Airteagal 161(3).

6. I gcás priacal caolúcháin i leith earraí infhaighte corparáideacha ceannaithe, beidh PD cothrom le meastachán EL na hinstitiúide ar an bpriacal caolúcháin. Institiúid a mbeidh cead faighte aici ón údarás inniúil de bhun Airteagal 143 úsáid a bhaint as a meastacháin LGD féin le aghaidh risíochtaí corparáideacha agus ar féidir léi a meastacháin EL le haghaidh earraí infhaighte corparáideacha ceannaithe a mhiondealú ina PDanna agus ina LGDanna ar shlí a mheasfaidh an t-údarás inniúil a bheith iontaofa, féadfaidh sí úsáid a bhaint as an meastachán PD a thig ón miondealú seo. Féadfaidh institiúidí cosaint neamhchistithe creidmheasa a aithint sa PD i gcomhréir le forálacha Chaibidil 4. I gcás priacal caolúcháin, mar aon le soláthraithe na cosanta dá dtagraítear in Airteagal 201(1)(g), tá díoltóir na n-earraí infhaighte ceannaithe incháilithe ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha atá leagtha amach i mír 4.

7. De mhaolú ar Airteagal 201(1)(g), tá na heintitis chorparáideacha a chomhlíonann na coinníollacha atá leagtha amach i mír 4 incháilithe.

▼B

Aon institiúid a mbeidh cead faighte aici ón údarás inniúil de bhun Airteagal 143 a meastacháin LGD féin a úsáid do priacal caolúcháin i leith earraí infhaighte corparáideacha ceannaithe, féadfaidh sí cosaint neamhchistithe creidmheasa a aithint trí bhíthin na PDanna a choigeartú faoi réir Airteagal 161(3).

*Airteagal 161*

**Caillteanas i gcás Mainneachtana (LGD)**

1. Úsáidfidh na hinstitiúidí na luachanna LGD a leanas:

(a) risíochtaí sinsearacha gan comhthaobhacht incháilithe: 45 %;

(b) fo-risíochtaí gan comhthaobhacht incháilithe: 75 %;

(c) féadfaidh institiúidí cosaint chistithe creidmheasa agus cosaint neamhchistithe creidmheasa a aithint san LGD i gcomhréir le Caibidil 4;

(d) is féidir luach LGD 11.25 % a shannadh do bhannaí faoi chumhdach atá incháilithe don láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 129(4) nó in Airteagal 129(5);

(e) i gcás risíochtaí sinsearacha ar earraí infhaighte corparáideacha ceannaithe, i gcás nach mbeidh an institiúid in ann PDanna a mheas nó nuair nach gcomhlíonann meastacháin PD na hinstitiúide na ceanglais atá leagtha amach i Roinn 6: 45 %;

(f) i gcás fo-risíochtaí ar earraí infhaighte corparáideacha ceannaithe, nuair nach féidir le hinstitiúid meastachán a dhéanamh ar PDanna nó i gcás nach gcomhlíonann meastacháin PD na hinstitiúide na ceanglais atá leagtha amach i Roinn 6: 100 %;

(g) I gcás priacal caolúcháin i leith earraí infhaighte corparáideacha ceannaithe: 75 %.

2. I gcás priacal caolúcháin agus mainneachtana, má tá cead faighte ag institiúid ón údarás inniúil a meastacháin LGD féin a úsáid le haghaidh risíochtaí corparáideacha de bhun Airteagal 143 agus más féidir léi a meastacháin EL le haghaidh earraí infhaighte corparáideacha ceannaithe a mhiondealú ina PDanna agus ina LGDanna ar shlí a mheasfaidh an t-údarás inniúil a bheith iontaofa, féadfar úsáid a bhaint as an meastachán LGD le haghaidh earraí infhaighte corparáideacha ceannaithe.

3. Má tá cead faighte ag institiúid ón údarás inniúil a meastacháin LGD féin le haghaidh risíochtaí ar chorparáidí, institiúidí, rialtais láir agus ar bhainc cheannais a úsáid de bhun Airteagal 143, féadfar cosaint neamhchistithe creidmheasa a aithint trí bhíthin an PD nó an LGD a choigeartú faoi réir na gceanglas atá sonraithe i Roinn 6 agus faoi réir chead na n-údarás inniúil. Ní shannfaidh institiúid PD ná LGD coigeartaithe do risíochtaí faoi ráthaíocht ar chaoi gurbh ísle an t-ualú priacal coigeartaithe ná an t-ualú priacal a bheadh ag risíocht dhíreach inchomparáide ar an ráthóir.

▼B

4. Chun críocha na ngealltanas dá dtagraítear in Airteagal 153(3), is éard a bheidh in LGD na risíochta dírí inchomparáide ar sholáthraí na cosanta an LGD a bhaineann le saoráid neamhfhálaithe chun an ráthóra, nó le saoráid neamhfhálaithe an oibleagáideora; beidh sé sin de réir an méid a thugann an fhianaise atá le fáil agus struchtúr na ráthaíochta le tuiscint, maidir le cé acu ar staid airgeadais an ráthóra nó an oibleagáideora faoi seach, a bhraithfeadh an méid a ghnóthófaí i gcás ina mainneodh an ráthóir agus an t-oibleagáideoir faoi seach le linn shaolré an idirbhirt fhálaithe.

*Airteagal 162*

**Aibíocht**

1. Institiúidí nach bhfuil cead faighte acu úsáid a bhaint as a gcuid LGDanna agus fachtóirí coinbhéartachta féin le haghaidh risíochtaí ar chorparáidí, institiúidí nó rialtais láir agus ar bhainc cheannais, déanfaidh siad luach aibíochta (M) 0,5 bliain a shannadh do risíochtaí a thagann as idirbhearta athcheannaigh nó as idirbhearta iasachtaithe nó iasachtaíochta i leith urrús nó tráchtearraí, agus luach (M) 2,5 bliain a shannadh do gach risíocht eile.

De rogha air sin, mar chuid den chead dá dtagraítear in Airteagal 143, cinnfidh na húdaráis inniúla cé acu a úsáidfidh nó nach n-úsáidfidh an institiúid aibíocht (M) do gach risíocht, mar atá leagtha amach faoi mhír 2.

2. Institiúidí a bhfuil cead faighte acu ón údarás inniúil úsáid a bhaint as a LGDanna agus fachtóirí coinbhéartachta féin le haghaidh risíochtaí ar chorparáidí, institiúidí nó rialtais láir agus ar bhainc cheannais de bhun Airteagal 143, ríomhfaidh siad M do gach ceann de na risíochtaí sin mar atá leagtha amach i bpointe (a) go (e) den mhír seo agus faoi réir mhír 3 go mír 5 den Airteagal seo. Ní bheidh M níos mó ná cúig bliana seachas i gcásanna a shonraítear in Airteagal 384(1) áit a úsáidfear M mar a shonraítear ansin é:

(a) I gcás ionstraime atá faoi réir sceideal sreafa airgid, ríomhfar M de réir na foirmle seo a leanas:

$$M = \max\left\{1, \min\left\{\frac{\sum_t t \cdot CF_t}{\sum_t CF_t}, 5\right\}\right\}$$

mar a gciallaíonn $CF_t$ na sreafaí airgid (an phríomhshuim, íocaíochtaí úis agus táillí), a bhfuil oibleagáid chonarthach ar an oibleagáideoir a íoc i dtréimhse t;

(b) i gcás díorthach atá faoi réir máistir-chomhaontú glanluachála, is éard a bheidh in M meánaibíocht ualaithe iarmhair na risíochta, mar a mbeidh aon bhliain amháin ar a laghad in M, agus úsáidfear méid barúlach gach risíochta chun an aibíocht a ualú;

▼B

(c) i gcás risíochtaí a thagann as ionstraimí díorthacha atá lánchomhthaobhaithe, nó geall leis, arna liostú in Iarscríbhinn II, agus as idirbhearta iasachta corrlaigh atá lánchomhthaobhaithe, nó geall leis, agus atá faoi réir máistir-chomhaontú glanluachála, is éard a bheidh in M meánaibíocht ualaithe iarmhair na n-idirbheart, mar a mbeidh 10 lá ar a laghad in M;

(d) i gcás idirbheart athcheannaigh nó idirbheart i leith urrús nó tráchtearraí a iasachtú nó a fháil ar iasacht atá faoi réir máistir-chomhaontú glanluachála, is éard a bheidh in M meánaibíocht ualaithe iarmhair na n-idirbheart mar a mbeidh 5 lá ar a laghad in M. Úsáidfear méid barúlach gach idirbhirt d'fhonn an aibíocht a ualú;

(e) maidir le hinstitiúid a bhfuil cead faighte aici ón údarás inniúil de bhun Airteagal 143 a meastacháin PD féin a úsáid le haghaidh earraí infhaighte corparáideacha ceannaithe, i gcás méideanna a tarraingíodh beidh M cothrom le meánaibíocht ualaithe na risíochta ar earraí infhaighte ceannaithe, mar a mbeidh 90 lá ar a laghad in M. Úsáidfear luach céanna seo M do mhéideanna neamhtharraingthe faoi shaoráid thiomanta ceannaigh ar an gcoinníoll go bhfuil sa tsaoráid cúnaint éifeachtacha, truicir um luathamúcadh, nó gnéithe eile a chosnaíonn an institiúid ceannaigh ar aon mheath suntasach ar cháilíocht na n-earraí infhaighte todhchaí a cheanglófar uirthi a cheannach le linn théarma na saoráide. In éagmais cosaintí éifeachtacha den sórt sin, ríomhfar M do mhéideanna neamhtharraingthe mar shuim an infhálteais fhéideartha is faide ó dháta de réir an chomhaontaithe ceannaigh agus aibíocht iarmhair na saoráide ceannaigh, mar a mbeidh 90 lá ar a laghad in M;

(f) i gcás aon ionstraime seachas iad siúd atá luaite sa mhír seo nó i gcás nach bhfuil an institiúid in ann M a ríomh mar atá leagtha amach in (a), is éard a bheidh in M an tréimhse is faide a bheidh fágtha (i mblianta) a bheidh ceadaithe don oibleagáideoir le go gcomhlíonfadh sé a oibleagáidí conarthacha, mar a mbeidh aon bhliain amháin ar a laghad in M;

(g) i gcás institiúidí a úsáideann Modh na Samhla Inmheánaí mar atá leagtha amach i Roinn 6 de Chaibidil 6 chun luachanna na risíochta a ríomh, ríomhfar M do na risíochtaí ar a gcuireann siad an modh sin i bhfeidhm agus ar mó ná bliain amháin aibíocht an chonartha is faide ó dháta acu sa tacar glanluachála, de réir na foirmle seo a leanas:

$$M = \min\left\{\frac{\sum_k EffectiveEE_{t_k} \cdot \Delta t_k \cdot df_{t_k} \cdot s_{t_k} + \sum_k EE_{t_k} \cdot \Delta t_k \cdot df_{t_k} \cdot (1 - s_{t_k})}{\sum_k EffectiveEE_{t_k} \cdot \Delta t_k \cdot df_{t_k} \cdot s_{t_k}}, 5\right\}$$

nuair atá:

$S_{tk}$ = athróg táscaire arb ionann a luach sa tréimhse todhchaí $t_k$ agus 0 má tá $t_k > 1$ bliain agus 1 má tá $t_k \leq 1$;

$EE_{tk}$ = an risíocht ionchasach ag tréimhse todhchaí $t_k$;

▼**B**

$EffectiveEE_{tk}$ = an risíocht ionchasach éifeachtach ag tréimhse todhchaí $t_k$;

$df_{tk}$ = an fachtóir lascaine saor ó priacal don tréimhse todhchaí $t_k$;

$\Delta t_k = t_k - t_{k-1}$;

(h) féadfaidh institiúid a úsáideann samhail inmheánach chun coigeartú leataobhach ar luacháil creidmheasa a ríomh úsáid a bhaint as an ré iarbhír creidmheasa arna meas ag an tsamhail inmheánach mar M, faoi réir chead na n-údarás inniúil.

Faoi réir mhír 2, cuirfear an fhoirmle atá i bpointe (a) i bhfeidhm maidir le tacair ghlanluachála ar lú ná bliain amháin an aibíocht tosaigh acu;

(i) i gcás institiúidí a úsáideann Modh na Samhla Inmheánaí atá leagtha amach i Roinn 6 de Chaibidil 6, chun luachanna na risíochta a ríomh, agus a bhfuil cead samhla inmheánaí acu le haghaidh an priacal shonraigh a bhaineann le suímh fhiachais arna dtrádáil i gcomhréir le Roinn a Trí, Teideal IV, Caibidil 5, socrófar M ar 1 san fhoirmle atá leagtha amach in Airteagal 153(1), ar an gcoinníoll gur féidir leis an institiúid a thaispeáint do na húdaráis inniúla go bhfuil iarmhairtí imirce rátála ar áireamh sa tsamhail inmheánach don Priacal sonrach a bhaineann le suímh fhiachais intrádála, a chuirtear i bhfeidhm in Airteagal 383;

(j) chun críocha Airteagal 153(3), beidh M cothrom le haibíocht iarmhír na cosanta creidmheasa ach gan é a bheith níos giorra ná bliain amháin.

3. Nuair is gá an doiciméadacht a ataisceadh agus a athluacháil gach lá agus go bhfuil forálacha inti lena gceadaítear leachtú nó fritháireamh pras na comhthaobhachta i gcás mainneachtana nó i gcás nach ndéantar an t-ataisceadh, beidh M cothrom le lá amháin ar a laghad i gcás na nithe seo a leanas:

(a) ionstraimí díorthacha atá lánchomhthaobhaithe, nó geall leis, arna liostú in Iarscríbhinn II;

(b) idirbhearta iasachta corrlaigh atá lánchomhthaobhaithe nó geall leis;

(c) idirbhearta athcheannaigh, idirbhearta iasachtaithe agus iasachtaíochta i leith urrús agus tráchtearraí;

Ina theannta sin, i gcás risíochtaí gearrthéarmacha cáilitheacha nach cuid iad de mhaoiniú leanúnach an oibleagáideora ar an institiúid, beidh M cothrom le lá amháin ar a laghad. Áireofar iad seo a leanas ar risíochtaí gearrthéarmacha cáilitheacha:

▼**M9**

(a) risíochtaí ar institiúidí nó gnólachtaí infheistíochta a thagann as oibleagáidí malairte eachtraí a ghlantar;

▼B

(b) idirbhearta maoiniúcháin trádála gearrthéarmacha atá féinleachtaitheach a bhaineann le malartú earraí nó seirbhísí ag a bhfuil aibíocht iarmhair suas le bliain amháin dá dtagraítear i bpointe (80)d'Airteagal 4 (1);

(c) risíochtaí a thagann as díol agus ceannach urrús a ghlantar laistigh den ghnáth-thréimhse sheachadta nó laistigh de dhá lá gnó;

(d) risíochtaí a thagann as aistrithe socraíochtaí airgid de shreang agus socraíochtaí idirbhearta ríomhíocaíochta agus costais réamhíoctha, lena n-áirítear rótharraingtí a thagann as idirbhearta loicthe nach faide iad ná líon gearr, socruithe de laethanta gnó arna chomhaontú.

4. I gcás risíochtaí ar chorparáidí atá lonnaithe san Aontas agus ar lú a ndíolacháin chomhdhlúite agus a sócmhainní comhdhlúite ná EUR 500 milliún, beidh de rogha ag institiúidí M a shocrú go seasmhach mar atá leagtha amach i mír 1 seachas mír 2 a chur i bhfeidhm. Féadfaidh institiúidí iomlán sócmhainní is fiú 1 000 milliún a chur in ionad iomlán sócmhainní is fiú 500 milliún i gcás corparáidí ar leo, agus a ligeann ar cíos, maoin chónaithe neamh-amhantrach go príomha.

5. Láimhseálfar neamhréireanna aibíochta mar a shonraítear i gCaibidil 4.

Foroinn 2

**Risíochtaí ar mhiondíol**

*Airteagal 163*

**Dóchúlacht mainneachtana (PD)**

1. Beidh PD aon risíochta cothrom le 0,03 % ar a laghad.

2. Beidh PD oibleagáideoirí, nó PD risíochtaí ar mainneachtain má úsáidtear cur chuige oibleagáide, beidh sé cothrom le 100 %.

3. I gcás priacal caolúcháin ar earraí infhaighte ceannaithe, socrófar PD ar luach atá cothrom le meastacháin EL ar priacal caolúcháin. Más féidir le hinstitiúid a meastacháin EL ar priacal caolúcháin na n-earraí infhaighte ceannaithe a mhiondealú ina PDanna agus ina LGDanna ar shlí a mheasfaidh an t-údarás inniúil a bheith iontaofa, féadfar an meastachán PD a úsáid.

4. Is féidir cosaint neamhchistithe creidmheasa a chur san áireamh trí bhíthin na PDanna a choigeartú faoi réir Airteagal 164(2). I gcás priacal caolúcháin, mar aon le soláthraithe na cosanta dá dtagraítear in Airteagal 201(1)(g), tá díoltóir na n-earraí infhaighte ceannaithe incháilithe má chomhlíontar na coinníollacha atá leagtha amach in Airteagal 160(4).

▼M8

*Airteagal 164*

**Caillteanas i gcás Mainneachtana (LGD)**

1. Cuirfidh na hinstitiúidí a meastacháin féin ar LGDanna ar fáil faoi réir na gceanglas a shonraítear i Roinn 6 den Chaibidil seo agus ar an gcoinníoll go bhfaighidh siad cead ó na húdaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 143. I gcás priacal caolúcháin ar earraí infhaighte ceannaithe, úsáidfear luach LGD atá cothrom le 75 %. Más féidir le hinstitiúid a meastacháin EL ar phriacal caolúcháin na n-earraí infhaighte ceannaithe a mhiondealú ina PDanna agus ina LGDanna ar bhealach iontaofa, féadfaidh an institiúid a meastachán LGD féin a úsáid.

2. D'fhonn tacú le risíocht ar leith nó le comhthiomsú de risíochtaí, féadfar cosaint neamhchistithe chreidmheasa a aithint mar ghné atá incháilithe ach na meastacháin PD nó LGD a choigeartú faoi réir na gceangaltas a shonraítear in Airteagal 183(1), (2) agus (3) agus faoi réir chead na n-údarás inniúil. Ní shannfaidh institiúid PD ná LGD coigeartaithe do risíochtaí faoi ráthaíocht ar chaoi gurbh ísle an t-ualú priacail coigeartaithe ná an t-ualú priacail a bheadh ag risíocht dhíreach inchomparáide ar an ráthóir.

3. Chun críocha Airteagal 154(2), is ionann LGD na risíochta dírí inchomparáide ar sholáthraí na cosanta dá dtagraítear in Airteagal 153(3) agus an LGD a bhaineann le saoráid neamhfhálaithe chun an ráthóra, é sin nó le saoráid neamhfhálaithe an fhéichiúnaí, rud a bheadh ag brath ar cé acu, i gcás ina mainneodh an ráthóir agus an féichiúnaí araon le linn shaolré an idirbhirt fhálaithe, a léireofaí nó nach léireofaí leis an bhfianaise atá le fáil agus le struchtúr na ráthaíochta, go mbeadh an méid a ghnóthófaí ag brath ar staid airgeadais an ráthóra nó an fhéichiúnaí, faoi seach.

4. An meánluach LGD ualaithe ó thaobh na risíochta do gach risíocht ar mhiondíol arna hurrú le maoin chónaithe agus gan ráthaíochtaí ó rialtais láir acu, ní bheidh sé níos ísle ná 10 %.

An meánluach LGD ualaithe ó thaobh na risíochta do gach risíocht ar mhiondíol arna hurrú le maoin tráchtála dhochorraithe agus gan ráthaíochtaí ó rialtais láir acu, ní bheidh sé níos ísle ná 15 %.

5. Ainmneoidh na Ballstáit údarás a bheidh freagrach as mír 6 a chur i bhfeidhm. Is é an t-údarás inniúil nó an t-údarás ainmnithe a bheidh san údarás sin.

I gcás inarb é an t-údarás inniúil é an t-údarás a ainmneoidh an Ballstát chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm, áiritheoidh an t-údarás inniúil sin go gcuirfear na comhlachtaí agus údaráis ábhartha náisiúnta ag a bhfuil sainordú macrastuamachta ar an eolas go cuí maidir le rún an údaráis inniúil úsáid a bhaint as an Airteagal seo, agus go mbeidh siad rannpháirteach go hiomchuí i measúnú na n-ábhar imní maidir le cobhsaíocht airgeadais ina Bhallstát i gcomhréir le mír 6.

▼M8

I gcás nach é an t-údarás inniúil é an t-údarás a ainmneoidh an Ballstát chun an Airteagal seo a chur i bhfeidhm, glacfaidh an Ballstát na forálacha is gá chun comhordú agus malartú ceart faisnéise idir an t-údarás inniúil agus an t-údarás ainmnithe a áirithiú le go gcuirfear an tAirteagal seo i bhfeidhm go cuí. Go háirithe, ceanglófar ar na húdaráis comhoibriú go dlúth agus an fhaisnéis ar fad a chomhroinnt a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun go ndéanfaidh an t-údarás ainmnithe na dualgais a fhorchuirtear air, de bhun an Airteagail seo, ar bhealach leordhóthanach. Beidh sé d'aidhm leis an gcomhar sin aon chineál gníomhaíochtaí dúblailteacha nó neamh-chomhsheasmhacha idir an t-údaráis inniúla agus an t-údarás ainmnithe a sheachaint, agus a áirithiú go gcuirfear san áireamh go cuí aon idirghníomhaíocht le bearta eile, go háirithe faoi Airteagal 458 den Rialachán seo agus faoi Airteagal 133 de Threoir 2013/36/AE.

6. Bunaithe ar fhaisnéis a bailíodh faoi Airteagal 430a agus ar aon táscaire ábhartha eile, agus forbairtí réamhbhreathnaitheacha sna margaí maoine dochorraithe á gcur san áireamh, déanfaidh an t-údarás arna ainmniú i gcomhréir le mír 5 den Airteagal seo a mheas go tréimhsiúil nó, ar a laghad uair sa bhliain, an bhfuil na luachanna íosta LGD dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo iomchuí do risíochtaí atá urraithe le morgáistí ar mhaoin chónaithe nó ar mhaoin tráchtála dhochorraithe atá suite i gcuid amháin nó níos mó de chríoch Bhallstát an údaráis ábhartha.

I gcás ina mbeidh an t-údarás a ainmneofar i gcomhréir le mír 5 den tuairim, ar bhonn an mheasúnaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, nach leordhóthanach na luachanna íosta LGD dá dtagraítear i mír 4, agus ina measfaidh sé go bhféadfadh neamhleordhóthanacht na luachanna LGD difear díobhálach a dhéanamh ar chobhsaíocht airgeadais faoi láthair nó amach anseo ina Bhallstát, féadfaidh sé luachanna íosta LGD níos airde a shocrú i dtaca leis na risíochtaí sin atá lonnaithe i gcuid amháin nó níos mó de chríoch Bhallstát an údaráis ábhartha. Féadfar na íosluachanna níos airde sin a chur i bhfeidhm freisin ar leibhéal ceann amháin nó níos mó de na deighleoga maoine den sórt sin.

Tabharfaidh an t-údarás a ainmneofar i gcomhréir le mír 5 fógra do ÚBE agus do BERS roimh an gcinneadh dá dtagraítear sa mhír seo a dhéanamh. Faoi cheann mí amháin ón bhfógra réamhluaite a fháil, cuirfidh BERS agus ÚBE a dtuairimí in iúl don Bhallstát lena mbaineann. Foilseoidh ÚBE agus BERS na luachanna LGD sin.

7. I gcás ina ndéanfaidh an t-údarás a a ainmneofar i gcomhréir le mír 5 luachanna íosta LGD níos airde a shocrú de bhun mhír 6, beidh idirthréimhse sé mhí ag institiúidí chun iad a chur i bhfeidhm.

8. Déanfaidh ÚBE, i ndlúthchomhar le BERS, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt d'fhonn na coinníollacha a shonrú a chuirfidh an t-údarás a ainmneofar i gcomhréir le mír 5 san áireamh agus oiriúnacht na luachanna LGD á meas acu mar chuid den mheasúnú dá dtagraítear i mír 6.

▼M8

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2019.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún an chumhacht chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

9. Féadfaidh BERS trí nhithín moltaí i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010, agus i ndlúthchomhar le ÚBE, treoir a thabhairt do na húdaráis a ainmneofar i gcomhréir le mír 5 den Airteagal seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) na fachtóirí a d'fhéadfadh “difear díobhálach a dhéanamh do chobhsaíocht airgeadais faoi láthair nó amach anseo” dá dtagraítear i mír 6; agus

(b) tagarmharcanna táscacha a chuirfidh an t-údarás arna ainmniú i gcomhréir le mír 5 san áireamh agus luachanna LGD níos airde á socrú.

10. Cuirfidh institiúidí de chuid Ballstáit amháin na luachanna íosta LGD níos airde arna gcinneadh ag údaráis Ballstáit eile i gcomhréir le mír 6 i bhfeidhm maidir lena risíochtaí comhfhreagracha uile atá urraithe le morgáistí ar mhaoin chónaithe agus ar mhaoin tráchtála dhochorraithe atá suite i gcuid amháin nó níos mó den Bhallstát sin.;

▼B

Foroinn 3

**Risíochtaí ar chothromas faoi réir an mhodha PD/LGD**

*Airteagal 165*

**Risíochtaí ar chothromas faoi réir an mhodha PD/LGD**

1. Cinnfear PDanna de réir na modhanna a úsáidtear le haghaidh risíochtaí corparáideacha.

Beidh feidhm ag na PDanna íosta seo a leanas:

(a) 0,09 % i gcás risíochtaí ar chothromas arna thrádáil ar an stocmhalartán i gcás gur cuid de chaidreamh fadtéarmach leis an gcustaiméir í an infheistíocht;

(b) 0,09 % i gcás risíochtaí nach risíochtaí ar chothromas arna dtrádáil ar an stocmhalartán iad, má tá na fáltais ar an infheistíocht bunaithe ar shreafaí rialta agus tréimhsiúla airgid nach dtagann as gnóthachain chaipitiúla;

▼B

(c) 0,40 % i gcás risíochtaí ar chothromas arna thrádáil ar an stocmhalartán lena n-áirítear suímh ghearra eile mar atá leagtha amach in Airteagal 155(2);

(d) 1,25 % i gcás gach risíochta eile ar chothromas lena n-áirítear suímh ghearra eile mar atá leagtha amach in Airteagal 155(2).

2. Maidir le risíochtaí ar chothromas príobháideach i bpunanna atá éagsúlaithe a ndóthain, féadfar LGD 65 % a shannadh dóibh. Sannfar LGD 90 % do gach risíocht eile den sórt sin.

3. Beidh an M a shannfar do gach risíocht cothrom le cúig bliana.

## Roinn 5

## Luach na risíochta

### *Airteagal 166*

### Risíochtaí ar chorparáidí, institiúidí, rialtais láir agus ar bhainc cheannais agus risíochtaí ar mhiondíol

1. Mura dtugtar a mhalairt le fios, is ionann luach risíochta na risíochtaí laistigh den chlár comhardaithe agus an luach cuntasaíochta, arna thomhas gan aon choigeartuithe i leith an priacal creidmheasa a chur san áireamh.

Tá feidhm ag an riail seo freisin maidir le sócmhainní a ceannaíodh ar phraghas nach ionann é agus an méid atá dlite.

I gcás sócmhainní ceannaithe, meastar gur lascaine ar an difríocht idir an méid atá dlite agus an luach cuntasaíochta a fhanann ar chlár comhardaithe na hinstitiúide agus í ag ceannach na sócmhainne, tar éis di na coigeartuithe sonracha ar an bpriacal creidmheasa a chur i bhfeidhm, más mó an méid atá dlite, agus meastar gur préimh í más lú an méid atá dlite.

2. Ríomhfar an luach risíochta i gcomhréir le Caibidil 4 nó le Caibidil 6 i gcás ina n-úsáideann institiúidí Máistir-chomhaontuithe glanluachála maidir le hidirbhearta athcheannaigh nó maidir le hidirbhearta iasachtaithe nó iasachtaíochta i leith urrús nó tráchtearraí.

3. Chun luach na risíochta a ríomh i gcás glanluachála iasachtaí agus taiscí laistigh den chlár comhardaithe, cuirfidh institiúidí isteach ar na modhanna atá leagtha amach i gCaibidil 4.

4. Beidh luach na risíochta do léasanna cothrom leis na híocaíochtaí léasa íosta lascainithe. Beidh na híocaíochtaí léasa íosta comhdhéanta de na híocaíochtaí a cheanglaítear nó is féidir a cheangal ar an léasaí a dhéanamh i rith théarma an léasa agus aon rogha margaidh (i.e. rogha a bhfuil a feidhmiú réasúnta cinnte). Más féidir a cheangal ar pháirtí seachas an léasaí íocaíocht a dhéanamh a bhaineann le luach iarmharach sócmhainne léasaithe agus má chomhlíonann an oibleagáid íocaíochta sin an tacar coinníollacha atá in Airteagal 201 maidir le hincháilitheacht sholáthraithe na cosanta, chomh maith leis na ceanglais maidir le cineálacha eile ráthaíochtaí a aithint mar a fhoráiltear in Airteagal 213, féadfar an oibleagáid íocaíochta sin a chur san áireamh mar chosaint neamhchistithe creidmheasa i gcomhréir le Caibidil 4.

▼B

5. I gcás aon chonartha atá liostaithe in Iarscríbhinn II, cinnfear luach na risíochta de réir na modhanna atá leagtha amach i gCaibidil 6 agus ní chuirfear aon choigeartú i leith an priacal creidmheasa san áireamh.

6. Is ionann luach na risíochta a úsáidfear chun na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal d'earraí infhaighte ceannaithe a ríomh agus an luach arna ríomh i gcomhréir le mír 1 lúide na ceanglais cistí dílse le haghaidh an priacal caolúcháin roimh an maolú priacal creidmheasa.

7. I gcás risíochta i bhfoirm urrús nó tráchtearraí a díoladh, a breacadh chun cuntais nó a tugadh ar iasacht faoi idirbhearta athcheannaigh nó idirbhearta iasachtaithe nó iasachtaíochta i leith urrús nó tráchtearraí, idirbhearta socraíochta iarchurtha agus idirbhearta iasachta corrlaigh, is ionann luach na risíochta agus luach na n-urrús nó na dtráchtearraí arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 24. I gcás ina n-úsáidfear an Modh Cuimsitheach Comhthaobhach Airgeadais de réir mar atá sé leagtha amach in Airteagal 223, méadófar luach na risíochta den choigeartú luaineachta is iomchuí d'urrúis nó do thráchtearraí den sórt sin, mar atá leagtha amach ann. Féadfar luach risíochta na n-idirbheart athcheannaigh, na n-idirbheart iasachtaithe nó iasachtaíochta i leith urrús nó tráchtearraí, na n-idirbheart socraíochta iarchurtha agus na n-idirbheart iasachta corrlaigh a chinneadh i gcomhréir le Caibidil 6 nó le hAirteagal 220(2).

▼C2

8. Ríomhfar luach risíochta na n-ítimí seo a leanas mar an méid atá tiomanta ach nár tarraingíodh fós arna iolrú faoi fhachtóir coinbhéartachta. Úsáidfidh na hInstitiúidí na fachtóirí coinbhéartachta a leanas i gcomhréir le hAirteagal 151(8) maidir le risíochtaí ar chorparáidí, ar institiúidí, ar rialtais láir agus ar bhainc cheannais:

(a) i gcás línte creidmheasa is féidir leis an institiúid a chealú go neamhchoinníollach aon tráth gan fógra a thabhairt roimh ré, nó lena ndéantar foráil go hiarbhír gur féidir iad a chealú go huathoibríoch má thagann meath ar acmhainn creidmheasa an iasachtaí, cuirfear fachtóir coinbhéartachta 0 % i bhfeidhm. Chun fachtóir coinbhéartachta 0 % a chur i bhfeidhm, déanfaidh institiúidí faireachán gníomhach ar staid airgeadais an oibleagáideora agus cuirfidh a gcórais rialaithe inmheánaigh ar a gcumas aon mheathlú ar cháilíocht chreidmheasa an oibleagáideora a bhrath láithreach. Féadfar a mheas go bhfuil na línte creidmheasa miondíola inchealaithe go neamhchoinníollach má cheadaíonn na téarmaí don institiúid na línte sin a chealú an oiread atá ceadaithe faoi reachtaíocht cosanta tomhaltóirí agus faoi reachtaíocht ghaolmhar;

(b) i gcás litreacha creidmheasa gearrthéarmacha a thagann as gluaiseacht earraí, cuirfear fachtóir coinbhéartachta 20 % i bhfeidhm maidir leis na hinstitiúidí eisiúna agus na hinstitiúid daingniúcháin araon;

(c) i gcás ceangaltais cheannaigh neamhtharraingthe i leith earraí infhaighte ceannaithe imrothlacha is féidir a chealú go neamhchoinníollach nó a dhéanann foráil go bhféadfaidh an institiúid iad a chealú tráth ar bith gan fógra a thabhairt roimh ré, cuirfear fachtóir coinbhéartachta 0 % i bhfeidhm. Chun fachtóir coinbhéartachta 0 % a chur i bhfeidhm, déanfaidh institiúidí faireachán gníomhach ar staid airgeadais an oibleagáideora agus cuirfidh a gcórais rialaithe inmheánaigh ar a gcumas aon mheath ar cháilíocht chreidmheasa an oibleagáideora a bhrath láithreach;

▼C2

(d) i gcás línte creidmheasa eile, saoráidí eisiúna nótaí (NIFanna) agus saoráidí frithghealltа imrothlacha (RUFanna), cuirfear fachtóir coinbhéartachta 75 % i bhfeidhm.

Féadfaidh institiúidí a chomhlíonann na ceanglais maidir le húsáid a bhaint as a meastacháin féin ar fhachtóirí coinbhéartachta, mar a shonraítear i Roinn 6, a meastacháin féin a úsáid thar chineálacha táirgí éagsúla mar a luaitear i bpointí (a) go (d), faoi réir chead na n-údarás inniúil.

▼B

9. I gcás ina dtagraítear i gceangaltas do shíneadh ceangaltais eile, is é an ceann is ísle den dá fhachtóir coinbhéartachta a bhaineann leis an gceangaltas aonair a úsáidfear.

10. I gcás ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe, seachas iad sin ar a bhfuil trácht i míreanna 1 go 8, beidh luach na risíochta dóibh uile cothrom leis an gcéatadán seo a leanas dá luach:

(a) 100 % más ítim lánpriacal atá i gceist;

(b) 50 % más ítim mheánpriacal atá i gceist;

(c) 20 % más ítim mheánpriacal /íospriacal atá i gceist;

(d) 0 % más ítim íospriacal atá i gceist.

Chun críocha na míre seo sannfar na hítimí lasmuigh den chlár comhardaithe do chatagóirí priacal mar a thugtar le fios in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 167*

**Risíochtaí ar chothromas**

1. Beidh luach na risíochta i gcás risíochtaí ar chothromas cothrom leis an luach cuntasaíochta a bheidh fágtha nuair a chuirfear an coigeartú sonrach ar an bpriacal creidmheasa i bhfeidhm.

2. Beidh luach na risíochta do risíochtaí ar chothromas lasmuigh den chlár comhardaithe cothrom lena luach ainmniúil nuair a laghdófar a luach ainmniúil le coigeartuithe sonracha ar an bpriacal creidmheasa don risíocht seo.

*Airteagal 168*

**Sócmhainní eile nach sócmhainní oibleagáide creidmheasa iad**

Is ionann luach na risíochta i gcás sócmhainní eile nach sócmhainní oibleagáide creidmheasa iad agus an luach cuntasaíochta a bheidh fágtha nuair a chuirfear coigeartuithe sonracha ar an bpriacal creidmheasa i bhfeidhm.

Roinn 6

**Ceanglais maidir le cur chuige irb**

Foroinn 1

**Córais rátála**

*Airteagal 169*

**Prionsabail ghinearálta**

1. I gcás ina n-úsáideann institiúid roinnt córas rátála, doiciméadófar an réasúnaíocht ba bhun le hoibleagáideoir nó idirbheart a shannadh do chóras rátála ar leith agus déanfar sin ar bhealach a léiríonn mar is ceart leibhéal an priacal.

▼B

2. Déanfar athbhreithniú tréimhsiúil ar chritéir agus ar phróisis an tsannta lena chinneadh an bhfuil siad iomchuí i gcónaí don phunann reatha agus do na dálaí seachtracha.

3. I gcás ina n-úsáideann institiúid meastacháin dhíreacha ar pharaiméadair priacal d'oibleagáideoirí aonair nó do risíochtaí, is féidir iad a mheas mar mheastacháin a shannfar do ghráid ar scála rátála leanúnach.

*Airteagal 170*

**Struchtúr na gcóras rátála**

1. Comhlíonfaidh struchtúr na gcóras rátála maidir le risíochtaí ar chorparáidí, institiúidí agus rialtais láir agus ar bhainc cheannais na ceanglais seo a leanas:

(a) cuirfear saintréithe priacal an oibleagáideora agus an idirbhirt san áireamh sa chóras rátála;

(b) beidh scála rátála oibleagáideora sa chóras rátála nach léireoidh ach an cainníochtú ar priacal mainneachtana an oibleagáideora. Beidh ar a laghad 7 ngrád sa scála rátála féichiúnaí d'oibleagáideoirí neamh-mhainneachtana agus ceann amháin d'oibleagáideoirí mainneachtana;

(c) déanfaidh institiúid doiciméadú ar an ngaol atá idir na gráid oibleagáideora ar bhonn leibhéal an priacal mainneachtana a bhaineann le gach grád agus ar bhonn na gcritéar a úsáidtear d'fhonn an leibhéal sin de priacal mainneachtana a aithint;

(d) institiúidí a bhfuil punanna acu atá comhchruinnithe i ndeighleog mhargaidh ar leith agus i raon priacal mainneachtana ar leith, beidh a ndóthain grád oibleagáideora acu laistigh den raon sin le nach mbeidh an iomarca oibleagáideoirí comhchruinnithe in aon ghrád ar leith. I gcás comhchruinnithe suntasacha in aon ghrád amháin, tabharfar fianaise eimpíreach dhiongbháilte go gcumhdaíonn an grád oibleagáideora banda réasúnta caol PD agus go bhfuil priacal mainneachtana gach oibleagáideoir sa ghrád sin laistigh den bhanda sin;

(e) le go mbeidh cead ag an údarás inniúil a meastacháin féin ar LGDanna a úsáid chun a gceanglais cistí dílse a ríomh, ní mór scála rátála saoráidí ar leith a bheith sa chóras rátála nach léiríonn ach saintréithe na n-idirbheart a bhaineann le LGD. Beidh i sainiú an ghráid saoráide cur síos ar an gcaoi a sanntar risíochtaí don ghrád sin agus cur síos ar na critéir a úsáidtear chun leibhéal an priacal sna gráid éagsúla a aithint;

(f) i gcás comhchruinnithe suntasacha in aon ghrád saoráide ar leith, tabharfar fianaise eimpíreach dhiongbháilte go gcumhdaíonn an grád saoráide banda réasúnta caol LGD agus go bhfuil priacal gach risíochta sa ghrád sin laistigh den bhanda sin.

2. Institiúidí a úsáideann na modhanna atá leagtha amach in Airteagal 153(5) chun ualuithe priacal a shannadh do risíochtaí ar iasachtú speisialaithe, tá siad díolmhaithe ón gceanglas scála rátála oibleagáideora a bheith acu nach léiríonn ach an cainníochtú ar priacal mainneachtana

▼B

an oibleagáideora i leith na risíochtaí sin. Beidh ar a laghad 4 ghrád ag na hinstitiúidí sin do na risíochtaí sin ar oibleagáideoirí neamh-mhainneachtana agus grád amháin ar a laghad d'oibleagáideoirí mainneachtana;

3. Comhlíonfaidh struchtúr na gcóras rátála do risíochtaí ar mhiondíol na ceanglais seo a leanas:

(a) léireofar an bpriacal oibleagáideora agus an priacal idirbhirt araon sna córais rátála, agus gabhfar saintréithe iomchuí uile an oibleagáideora agus an idirbhirt iontu;

(b) áiritheoidh leibhéal difreála an priacal gur leor líon na risíochtaí in aon ghrád nó in aon chomhthiomsú ar leith le gur féidir cainníochtú agus bailíochtú fóinteach a dhéanamh ar na saintréithe caillteanais ar leibhéal an ghráid nó an chomhthiomsaithe. Dáilfear na risíochtaí agus na hoibleagáideoirí ar na gráid nó na comhthiomsuithe ar chaoi nach mbeidh an iomarca comhchruinnithe ann;

(c) fágfaidh próiseas sannta na risíochtaí do ghráid agus do chomhthiomsuithe go bhféadfar difreáil fhóinteach a dhéanamh ar na priacail, go ngrúpálfar na risíochtaí atá aonchineálach a ndóthain agus go bhféadfar meastachán beacht comhsheasmhach a dhéanamh ar shaintréithe an chaillteanais ar leibhéal an ghráid nó an chomhthiomsaithe. I gcás earraí infhaighte ceannaithe, léireoidh an ghrúpáil cleachtaí frithgheallta an díoltóra agus ilchineálacht a chustaiméirí.

4. Cuirfidh na hinstitiúidí na spreagaithe priacal seo a leanas san áireamh agus iad ag sannadh risíochtaí do ghráid nó do chomhthiomsuithe:

(a) saintréithe an phriacail oibleagáideora;

(b) saintréithe an phriacail idirbhirt, lena n-áirítear na cineálacha táirge nó comhthaobhachta nó iad araon. Tabharfaidh institiúidí aghaidh go sainráite ar chásanna mar a dtéann an chomhthaobhacht chéanna chun tairbhe do roinnt risíochtaí;

(c) faillí, ach amháin i gcás ina dtaispeánann institiúid chun sástachta a údaráis inniúil nach spreagaí ábhartha priacal don risíocht í an fhaillí.

*Airteagal 171*

**Grádanna nó comhthiomsuithe a shannadh**

1. Beidh sainmhínithe, próisis agus critéir ar leith ag institiúid chun risíochtaí a shannadh do ghráid nó do chomhthiomsuithe laistigh de chóras rátála a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas:

(a) beidh sainmhínithe agus critéir na ngrád agus na gcomhthiomsuithe mionsonraithe a ndóthain le gur féidir leo siúd a bhfuil sé de chúram orthu rátálacha a shannadh na hoibleagáideoirí nó na saoráidí a bhfuil an priacal céanna ag baint leo a shannadh go comhsheasmhach don ghrád nó don chomhthiomsú céanna. Beidh an chomhsheasmhacht sin le fáil thar línte gnó, ranna agus suímh gheografacha;

(b) cuirfidh doiciméadú an phróisis rátála ar chumas tríú páirtithe sannadh na risíochtaí do ghráid nó do chomhthiomsuithe a thuiscint, an sannadh do ghráid nó do chomhthiomsuithe a mhacasamhlú agus meastachán a dhéanamh ar oiriúnacht an tsannta don ghrád nó don chomhthiomsú;

▼B

(c) ina theannta sin, beidh na critéir comhsheasmhach le caighdeáin inmheánacha iasachtaithe na hinstitiúide agus lena beartais maidir leis an gcaoi a bpléitear le hoibleagáideoirí nó le saoráidí struis.

2. Cuirfidh institiúid gach faisnéis ábhartha san áireamh agus í ag sannadh oibleagáideoirí agus saoráidí do ghráid nó do chomhthiomsuithe. Dá laghad faisnéis a bheidh ag an institiúid, is ea is coimeádaí a bheidh sí agus í ag sannadh risíochtaí do ghráid nó do chomhthiomsuithe oibleagáideoirí nó saoráidí. Má bhaineann institiúid úsáid as rátáil sheachtrach mar phríomhfhachtóir chun sannadh rátála inmheánaí a chinneadh, áiritheoidh an institiúid go gcuirfear faisnéis ábhartha eile san áireamh.

*Airteagal 172*

**Sannadh risíochtaí**

1. I gcás risíochtaí ar chorparáidí, institiúidí agus rialtais láir agus ar bhainc cheannais, agus i gcás risíochtaí ar chothromas ina mbaineann institiúid úsáid as an cur chuige PD/LGS a leagtar amach in Airteagal 155(3), sannfar na risíochtaí i gcomhréir leis na critéir seo a leanas:

(a) sannfar gach oibleagáideoir do ghrád oibleagáideora ar leith mar chuid den phróiseas chun creidmheas a fhaomhadh;

(b) i gcás na risíochtaí sin a bhfuil cead faighte ag institiúid ón údarás inniúil a meastacháin féin ar LGDanna agus ar fhachtóirí coinbhéartachta a úsáid de bhun Airteagal 143, sannfar gach risíocht do ghrád saoráide freisin mar chuid den phróiseas chun creidmheas a fhaomhadh;

(c) institiúidí a úsáideann na modhanna atá leagtha amach in Airteagal 153(5) chun ualuithe priacal a shannadh do risíochtaí ar iasachtú speisialaithe, sannfaidh siad gach ceann de na risíochtaí sin do ghrád ar leith i gcomhréir le hAirteagal 170(2);

(d) déanfar rátáil ar leith ar gach eintiteas dlíthiúil ar leith ar a bhfuil an institiúid ar ris. Beidh beartais iomchuí ag institiúid maidir leis an gcaoi a láimhseálfar cliaint aonair ar oibleagáideoirí iad agus le grúpaí de chliaint atá bainteach le chéile;

(e) déanfar risíochtaí leithleacha ar an oibleagáideoir céanna a shannadh don ghrád oibleagáideora céanna, beag beann ar aon difríocht idir cineál gach idirbhirt ar leith. Mar sin féin, i gcás ina mbíonn gráid éagsúla ag an oibleagáideoir céanna de bharr risíochtaí leithleacha, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(i) priacal aistrithe tíre, rud a bhíonn ag brath ar cé acu in airgeadra áitiúil nó in airgeadra eachtrach a ainmnítear na risíochtaí;

(ii) féadfar láimhseáil ráthaíochtaí gaolmhara ar risíocht a léiriú i sannadh coigeartaithe do ghrád oibleagáideora;

▼B

(iii) toirmeascann an reachtaíocht maidir le cosaint tomhaltóirí, rúndacht bhaincéireachta nó reachtaíocht eile malartú sonraí na gcliant.

2. I gcás risíochtaí ar mhiondíol, sannfar gach risíocht do ghrád nó do chomhthiomsú ar leith mar chuid den phróiseas chun creidmheas a fhaomhadh.

3. I gcás sanntaí do ghráid agus do chomhthiomsuithe, doiciméadóidh institiúidí na cásanna ina bhféadfaidh breithiúnas daonna ionchuir agus aschuir an phróisis sannta a shárú agus an pearsanra a bhfuil de chúram orthu na sáruithe sin a fhaomhadh. Doiciméadóidh institiúidí na sáruithe sin agus déanfaidh siad nóta den phearsanra atá freagrach. Déanfaidh institiúidí anailís ar fheidhmíocht na risíochtaí ar sáraíodh a sanntaí. Áireofar san anailís sin measúnú ar fheidhmíocht na risíochtaí ar sháraigh duine ar leith a rátáil, agus cuirfear an pearsanra freagrach uile san áireamh.

*Airteagal 173*

**Sláine an phróisis sannta**

1. I gcás risíochtaí ar chorparáidí, institiúidí agus rialtais láir agus ar bhainc cheannais, agus i gcás neamhcosaintí ar chothromas ina mbaineann institiúid leas as an gcur chuige PD/LGD a leagtar amach in Airteagal 155(3), ar comhlíonfaidh an próiseas sannta na ceanglais sláine seo a leanas:

(a) Is páirtí neamhspleách nach mbaineann aon tairbhe dhíreach as aon chinneadh síneadh a chur leis an gcreidmheas a dhéanfaidh nó a fhaomhfaidh na sanntaí agus na hathbhreithnithe tréimhsiúla ar na sanntaí;

(b) Athbhreithneoidh institiúidí na sanntaí uair amháin in aghaidh na bliana ar a laghad agus déanfaidh siad an sannadh a choigeartú mura mbeidh údar an sannadh reatha a iompar ar aghaidh de réir torthaí an athbhreithnithe. Déanfar athbhreithnithe níos minice ar oibleagáideoirí ardpriacal agus ar risíochtaí a bhfuil fadhb ag baint leo. Gabhfaidh institiúidí sannadh nua ar láimh má bhíonn faisnéis ábhartha ar an oibleagáideoir nó ar an risíocht ar fáil;

(c) Beidh próiseas éifeachtach ag institiúid chun faisnéis ábhartha maidir le saintréithe oibleagáideora a dhéanann difear do PDanna agus faisnéis maidir le saintréithe idirbhirt a dhéanann difear do LGDanna nó d'fhachtóirí coinbhéartacha a fháil agus a nuashonrú.

2. I gcás risíochtaí ar mhiondíol, uair amháin in aghaidh na bliana ar a laghad athbhreithneoidh institiúid na sanntaí oibleagáideora agus saoráide agus déanfaidh sí an sannadh a choigeartú mura mbeidh údar an sannadh reatha a iompar ar aghaidh de réir torthaí an athbhreithnithe, nó déanfaidh sí athbhreithniú ar shaintréithe caillteanais agus ar stádas faillí gach comhthiomsaithe aitheanta de priacail, cibé acu is infheidhme. Uair amháin ar a laghad in aghaidh na bliana arís eile, déanfaidh institiúid athbhreithniú i sampla ionadaíoch ar stádas risíochtaí ar leith laistigh de gach comhthiomsú, lena áirithiú go sannfar na risíochtaí don chomhthiomsú ceart i gcónaí, agus déanfaidh sí an sannadh a choigeartú mura mbeidh údar an sannadh reatha a iompar ar aghaidh de réir torthaí an athbhreithnithe.

▼B

3. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála i gcomhair mhodheolaíochtaí na n-údarás inniúil chun sláine an phróisis sannta agus an measúnú neamhspleách rialta a dhéantar ar priacail a mheas.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2014.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 174*

**Úsáid samhlacha**

Má úsáideann institiúid samhlacha staitistiúla agus modhanna meicniúla eile chun risíochtaí a shannadh do ghráid nó do chomhthiomsuithe oibleagáideoirí nó saoráide, comhlíonfar na ceanglais seo a leanas:

(a) beidh acmhainn mhaith réamhaisnéise ag an tsamhail agus ní chuirfear na riachtanais chaipitil as a riocht de bharr í a úsáid. Beidh na hathróga ionchuir ina mbonn réasúnta éifeachtach ag na réamhaisnéisí a a sholáthrófar. Ní bheidh aon laofacht ábhartha sa tsamhail;

(b) beidh próiseas i bhfeidhm ag an institiúid chun na hionchuir sonraí sa tsamhail a sheiceáil, lena n-airítear measúnú ar bheachtas, ar chomhláine agus ar oiriúnacht na sonraí;

(c) beidh na sonraí a úsáidfear chun an tsamhail a thógáil ionadaíoch do dhaonra oibleagáideoirí nó risíochtaí iarbhír na hinstitiúide;

(d) beidh timthriall rialta bailíochtaithe samhla ag an institiúid lena n-áireofar faireachán ar fheidhmíocht agus ar chobhsaíocht na samhla; athbhreithniú ar shonraíocht na samhla; agus tástáil ar aschuir na samhla in aghaidh na dtorthaí;

(e) comhlánóidh an institiúid an tsamhail staitistiúil le breithiúnas daonna agus le formhaoirseacht dhaonna chun athbhreithniú a dhéanamh ar na sanntaí atá bunaithe ar an tsamhail agus lena áirithiú go n-úsáidfear na samhlacha go hiomchuí. Is é aidhm a bheidh ag na nósanna imeachta athbhreithnithe na hearráidí a thagann as laigí na samhla a aimsiú agus a theorannú. Déanfaidh an breithiúnas daonna gach faisnéis ábhartha nár cuireadh san áireamh sa tsamhail a chur san áireamh. Doiciméadóidh an institiúid an chaoi nach mór an breithiúnas daonna agus torthaí na samhla a thabhairt le chéile.

*Airteagal 175*

**Doiciméadú na gcóras rátála**

1. Doiciméadóidh institiúidí dearadh agus mionsonraí oibríochta a córas rátála. Cuirfidh an doiciméadú fianaise ar fáil go bhfuiltear ag comhlíonadh ceanglas na Roinne seo, agus déileálfaidh sé le hábhair lena n-áirítear difreáil punann, critéir rátála, freagrachtaí na bpáirtithe a rátálann na hoibleagáideoirí agus na risíochtaí, minicíocht na n-athbhreithnithe ar shanntaí agus an mhaoirseacht bhainistíochta ar an bpróiseas rátála.

▼B

2. Doiciméadóidh an institiúid an réasúnaíocht is bun leis na critéir rátála arna roghnú aici agus an anailís a thacaíonn leis an rogha sin. Doiciméadóidh an institiúid aon athrú mór a dhéanfar ar an bpróiseas rátála priacal agus beidh an doiciméadú ag tacú leis na hathruithe a rinneadh ar an bpróiseas rátála priacal ón uair a rinne na húdaráis inniúla athbhreithniú go deireanach air a aithint. Déanfar doiciméadú freisin ar eagrú an tsannta rátála, lena n-áirítear an próiseas sannta rátála agus an struchtúr rialaithe inmheánaigh.

3. Doiciméadóidh an institiúid na sainmhínithe ar leith ar mhainneachtain agus ar chaillteanas a úsáidtear go hinmheánach agus áiritheoidh sí go mbeidh siad comhsheasmhach leis na sainmhínithe atá leagtha amach sa Rialachán seo.

4. I gcás ina n-úsáideann an institiúid samhlacha staitistiúla sa phróiseas rátála, doiciméadóidh an institiúid a modheolaíochtaí. Déanfar an méid seo a leanas sa doiciméadacht sin:

(a) achoimre mhionsonraithe a sholáthar ar an teoiric, ar na toimhdí agus ar an mbunús matamaiticiúil agus eimpiriciúil is bonn le sannadh na meastachán do ghráid, d'oibleagáideoirí aonair, do risíochtaí nó do comhthiomsuithe, agus ar an bhfoinse/na foinsí sonraí a úsáideadh chun an tsamhail a mheas;

(b) dianphróiseas staitistiúil a bhunú, lena n-áirítear trialacha feidhmíochta as am agus as sampla chun an tsamhail a bhailíochtú;

(c) na dálaí a thabhairt le fios nach n-oibríonn an tsamhail go éifeachtach iontu.

5. Léireoidh an institiúid chun sástachta an údaráis inniúil go bhfuil ceanglais an Airteagail seo á gcomhlíonadh, i gcás ina bhfuil córas rátála, nó samhail a úsáidtear laistigh de chóras rátála, faighte ag institiúid ó dhíoltóir tríú páirtí agus go ndiúltaíonn sé rochtain a thabhairt don institiúid ar fhaisnéis a bhaineann le modheolaíocht an chórais rátála nó na samhla sin, nó ar shonraí foluiteacha a úsáideadh chun an mhodheolaíocht nó an tsamhail sin a fhorbairt, nó go dteorannaíonn sé an fhaisnéis sin, ar an mbonn go bhfuil an fhaisnéis sin dílsithe.

*Airteagal 176*

**Cothabháil sonraí**

1. Cruinneoidh agus stórálfaidh institiúidí sonraí ar ghnéithe a bhaineann lena rátálacha inmheánacha mar a cheanglaítear faoi Chuid a hOcht.

2. I gcás risíochtaí ar chorparáidí, ar institiúidí agus ar rialtais láir agus ar bhainc cheannais, agus i gcás risíochtaí ar chothromas ina mbaineann institiúidí leas as an gcur chuige PD/LGD a leagtar amach in Airteagal 155(3), baileoidh agus stórálfaidh institiúidí na nithe seo a leanas:

(a) tuairiscí iomlána rátála ar oibleagáideoirí agus ar ráthóirí aitheanta;

(b) na dátaí ar ar sannadh na rátálacha;

▼B

(c) na príomhshonraí agus an mhodheolaíocht a úsáideadh le teacht ar an rátáil;

(d) an duine atá freagrach as an sanndh rátála;

(e) céannacht na n-oibleagáideoirí agus na risíochtaí a mhainnigh;

(f) dáta agus na dálaí na mainneachtana sin;

(g) sonraí maidir leis na PDanna agus na rátaí mainneachtana réadaithe a bhaineann le gráid rátála agus le himirce rátálacha.

3. Institiúidí nach n-úsáideann a meastacháin féin ar LGDanna agus ar fhachtóirí coinbhéartachta, baileoidh siad agus stórálfaidh siad sonraí ar chomparáidí idir LGDanna réadaithe agus na luachanna mar atá leagtha amach in Airteagal 161(1) agus idir fachtóirí coinbhéartachta réadaithe agus na luachanna mar atá leagtha amach in Airteagal 166(8).

4. Baileoidh agus stórálfaidh institiúidí a úsáideann a meastacháin féin ar LGDanna agus ar fhachtóirí coinbhéartachta na nithe seo a leanas:

(a) tuairiscí iomlána na sonraí ar na rátálacha saoráide agus ar na meastacháin ar LGD agus ar fhachtóirí coinbhéartachta a bhaineann le gach aon scála rátála;

(b) na dátaí ar ar sannadh na rátálacha agus ar a ndearnadh na meastacháin;

(c) na príomhshonraí agus an mhodheolaíocht a úsáideadh le teacht ar na rátálacha saoráide agus ar na meastacháin ar LGD agus ar fhachtóirí coinbhéartachta;

(d) an duine a shann an rátáil saoráide agus an duine a sholáthair na meastacháin ar LGD agus ar fhachtóirí coinbhéartachta;

(e) sonraí maidir leis na LGDanna agus na fachtóirí coinbhéartachta measta agus réadaithe a bhaineann le gach risíochta mhainnigh;

(f) sonraí maidir le LGD na risíochta roimh mheastóireacht a dhéanamh ar iarmhairtí ráthaíochta nó díorthaigh chreidmheasa agus ina dhiaidh sin, i gcás na n-institiúidí sin a chuireann i gcuntas sa LGD an chaoi a maolaíonn na ráthaíochtaí nó na díorthaigh chreidmheasa an priacal creidmheasa;

(g) sonraí maidir le comhpháirteanna an chaillteanais i gcás gach risíochta a mhainnigh.

▼B

5. I gcás risíochtaí ar mhiondíol, baileoidh agus stórálfaidh institiúidí na nithe seo a leanas:

(a) na sonraí á úsáidtear agus risíochtaí á sannadh do ghráid nó do chomhthiomsuithe;

(b) sonraí maidir leis na PDanna, na LGDanna agus na fachtóirí coinbhéartachta measta a bhaineann le gráid nó le comhthiomsuithe risíochtaí;

(c) céannacht na n-oibleagáideoirí agus na risíochtaí a mhainnigh;

(d) i gcás risíochtaí a mhainnigh, sonraí maidir leis na gráid nó na comhthiomsuithe ar sannadh dóibh an risíocht i rith na bliana roimh an mainneachtain agus na torthaí réadaithe ar LGD nó ar an bhfachtóir coinbhéartachta;

(e) sonraí maidir le rátaí caillteanais i gcás risíochtaí imrothlacha cáilitheacha ar mhiondíol.

*Airteagal 177*

**Tástálacha struis a úsáidtear chun leordhóthanacht caipitil a mheasúnú**

1. Beidh próisis fhónta tástála struis ar bun ag institiúid le leordhóthanacht a caipitil a mheasúnú. Aithneofar teagmhais fhéideartha nó athruithe sa todhchaí sna dálaí eacnamaíocha a rachadh i gcion go mífhabhrach ar risíochtaí creidmheasa na hinstitiúide agus déanfar measúnú leis ar chumas na hinstitiúide dul i ngleic le hathruithe den sórt sin.

2. Déanfaidh institiúid tástáil struis go rialta ar an bpriacal creidmheasa le measúnú a dhéanamh ar an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag dálaí ar leith ar cheanglais chaipitil iomlána do priacal creidmheasa. Is í an institiúid a roghnóidh an tástáil, faoi réir athbhreithniú maoirseachta. Beidh an tástáil a dhéanfar fóinteach agus cuirfear i gcuntas na héifeachtaí a bheadh ag cásanna cúlaithe eacnamaíochta atá géar ach dealraitheach. Déanfaidh institiúid measúnú ar an imirce ina rátálacha faoi na cásanna á áirítear sa tástáil struis. Áireofar formhór mór de risíochtaí iomlána na hinstitiúide i bpunanna struis.

3. Institiúidí a bhaineann úsáid as an láimhseáil atá leagtha amach in Airteagal 153(3), cuirfidh siad san áireamh sa chreat tástála struis atá acu an éifeacht a bheadh ag meath ar cháilíocht chreidmheasa sholáthraithe na cosanta, go háirithe an éifeacht a bheadh ag soláthraithe cosanta nach gcomhlíonann na critéir incháilitheachta.

Foroinn 2

**Cainníochtú priacal**

*Airteagal 178*

**Mainneachtain oibleagáideora**

1. Measfar go mbeidh mainneachtain tar éis tarlú maidir le hoibleagáideoir ar leith má tharlaíonn ceachtar den dá rud a leanas nó an dá rud:

▼B

(a) measann an institiúid nach dócha go n-íocfaidh an t-oibleagáideoir iomlán a oibleagáidí creidmheasa leis an institiúid, leis an máthairchuideachta nó le ceann ar bith dá fochuideachtaí gan an institiúid dul i muinín birt amhail urrús a réadú;

▼M7

(b) tá an t-oibleagáideoir thar téarma níos faide ná 90 lá in aon oibleagáid chreidmheasa ábhartha i leith na hinstitiúide, an mháthairghnóthais nó ceann ar bith dá fochuideachtaí. Féadfaidh údaráis inniúla 180 lá a chur in ionad na 90 lá i gcás risíochtaí arna n-urrú ag maoin chónaithe nó ag maoin dhochorraithe tráchtála de chuid FBM atá in aicme na risíochta ar mhiondíol, agus i gcás risíochtaí ar eintitis earnála poiblí. Ní bheidh feidhm ag na 180 lá chun críocha phointe (m) d'Airteagal 36(1) nó Airteagal 127.

▼B

I gcás risíochtaí ar mhiondíol, féadfaidh institiúidí an sainmhíniú ar mhainneachtain a leagtar síos i bpointe (a) agus i bpointe (b) den chéad fhomhír a chur i bhfeidhm ar leibhéal na saoráide aonair creidmheasa seachas ar na hoibleagáidí iomlána a bheidh ag iasachtaí.

2. Beidh feidhm ag an méid seo a leanas chun críocha phointe (b) de mhír 1:

(a) i gcás rótharraingtí, tosaíonn na laethanta thar téarma a luaithe a sháraíonn an t-oibleagáideoir teorainn mholta, a luaithe a mholtar teorainn dó atá níos lú ná na suimeanna gan íoc, nó a luaithe atá creidmheas tarraingthe aige gan údarás, nuair atá an méid bunúsach ábhartha;

(b) chun críocha phointe (a), cuimsíonn teorainn mholta aon teorainn chreidmheasa a chinn an institiúid agus a d'fhógair an institiúid don oibleagáideoir;

(c) i gcás cártaí creidmheasa, tosaíonn na laethanta thar téarma ar an dáta a bhfuil an íos-íocaíocht dlite.

(d) ábharthacht oibleagáid chreidmheasa thar theárma a mheasúnófar le tairseach, arna sainiú ag na húdaráis inniúla. Cuirfear i gcuntas sa tairseach seo an leibhéal priacal is dóigh leis an údarás inniúil a bheith réasúnta;

(e) beidh beartais dhoiciméadaithe ag institiúidí i leith áireamh na laethanta thar téarma, go háirithe maidir le hathaosú na saoráidí agus le síntí, leasuithe nó iarchur a cheadú, athnuachaintí, agus glanluacháil a dhéanamh ar chuntais atá ann cheana. Cuirfear na beartais sin i bhfeidhm go comhsheasmhach le himeacht ama, agus beidh siad I gcomhréir le próisis chinnteoireachta agus le bainistíocht priacal inmheánach na hinstitiúide.

3. Chun críocha phointe (a) de mhír 1, áireofar na heilimintí seo a leanas mar tháscairí ar mhídhóchúlacht na híocaíochta:

(a) tugann an institiúid an stádas “neamhfhabhraithe” don oibleagáid chreidmheasa;

(b) sainaithníonn an institiúid coigeartú sonrach i leith priacal creidmheasa a thig ó mheathlú suntasach atá le sonrú sa cháilíocht chreidmheasa tar éis don institiúid glacadh leis an risíocht;

▼B

(c) díolann an institiúid an oibleagáid chreidmheasa faoi chaillteanas eacnamaíoch ábhartha a bhaineann le creidmheas;

(d) toilíonn an institiúid le hathchóiriú struis na hoibleagáide creidmheasa i gcás inar dóigh go mbeadh mar thoradh air oibleagáid airgeadais níos lú mar gur maitheadh nó gur cuireadh siar an phríomhshuim, an t-ús nó, nuair is iomchuí, na táillí. Cuimsíonn sé sin, i gcás na risíochtaí ar chothromas a mheasúnaítear faoi Chur Chuige PD/LGD, athchóiriú struis ar an gcothromas féin;

(e) tá an institiúid tar éis iarratas oifigiúil a dhéanamh ar ordú féimheachta nó ordú dá leithéid i leith oibleagáid chreidmheasa an oibleagáideora i leith na hinstitiúide, an mháthairghnóthais nó ceann ar bith dá fochuideachtaí;

(f) tá an t-oibleagáideoir tar éis féimheacht a iarraidh nó breithníodh é ina fhéimheach nó tá sé tar éis cosaint dá samhail a iarraidh nó a fháil i gcás ina mbacfaí nó ina gcuirfí moill ar aisíocaíocht na hoibleagáide creidmheasa i leith na hinstitiúide, na máthairchuideachta nó ceann ar bith dá fochuideachtaí dá bharr.

4. Institiúidí a úsáideann sonraí seachtracha nach bhfuil comhsheasmhach iontu féin leis an sainmhíniú ar mhainneachtain atá leagtha síos i mír 1, déanfaidh siad na coigeartuithe iomchuí le go mbeidh siad coibhéiseach, tríd is tríd, leis an sainmhíniú ar mhainneachtain.

5. Má mheasann an institiúid go bhfuil risíocht a mhainnigh cheana de chineál a chiallaíonn nach bhfuil feidhm a thuilleadh le truicear mainneachtana, rátálfaidh an institiúid an t-oibleagáideoir nó an tsaoráid mar a dhéanfadh sí i gcás risíochta nár mhainnigh. I gcás ina spreagfaí sainiú na mainneachtana ina dhiaidh sin, mheasfaí go mbeadh mainneachtain eile ann.

6. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na coinníollacha a shonrú ar dá réir a chinnfidh údarás inniúil an tairseach dá dtagraítear i mír 2(d).

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2014.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

7. Eiseoidh ÚBE treoirlínte maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo. Glacfar leis na treoirlínte i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 179*

**Ceanglais fhoriomlána maidir le meastachán a dhéanamh**

1. Agus na paraiméadair priacal a bhainfidh leis na gráid agus leis na comhthiomsuithe rátála á gcainníochtú acu, cuirfidh institiúidí na ceanglais seo a leanas i bhfeidhm.

▼B

(a) beidh gach sonra, faisnéis agus modh ábhartha ar áireamh i meastacháin na hinstitiúide féin ar na paraiméadair priacal, PD, LGD, fachtóirí coinbhéartachta agus EL. Díorthófar na meastacháin trí úsáid a bhaint as an taithí stairiúil agus as an bhfianaise eimpíreach araon, gan dul i muinín ceisteanna breithiúnais amháin. Beidh na meastacháin dealraitheach agus iomasach agus iad bunaithe ar spreagaí gach paraiméadair priacal faoi seach. Dá laghad sonraí a bheidh ag institiúid, is amhlaidh is coimeádaí a bheidh sí ina meastachán;

(b) beidh institiúid in ann miondealú a chur ar fáil ar stair a caillteanais maidir le minicíocht na mainneachtana, LGD, fachtóir coinbhéartachta, nó caillteanas i gcás ina n-úsáidtear meastachán EL, ar bhonn na bhfachtóirí a mheasann sí a bheith ina spreagaithe le gach paraiméadair priacal faoi leith. Beidh an taithí fhadtéarmach curtha san áireamh i meastacháin na hinstitiúide;

(c) cuirfear san áireamh aon athrú a thiocfaidh ar an gcleachtas iasachtaithe nó ar an bpróiseas chun fiacha a ghnóthú dá dtagraítear in Airteagal 180(1)(h) agus (2)(e), in Airteagal 181(1)(j) agus (2), agus in Airteagal 182(2) agus (3). Cuirfear san áireamh i meastacháin na hinstitiúide impleachtaí an dul chun cinn teicniúil agus sonraí nua agus faisnéis eile, de réir mar a chuirfear iad sin ar fáil. Déanfaidh na hinstitiúidí athbhreithniú ar a meastacháin nuair a thiocfaidh faisnéis nua chun solais agus ar a laghad uair amháin in aghaidh na bliana;

(d) beidh líon na risíochtaí atá san áireamh sna sonraí a úsáideadh le haghaidh an mheastacháin, na caighdeáin iasachtaithe a úsáideadh nuair a gineadh na sonraí, agus saintréithe ábhartha eile, beidh siad inchomparáide leo siúd a bhaineann le risíochtaí agus le caighdeáin na hinstitiúide. Beidh dálaí an mhargaidh nó dálaí eacnamaíocha is bonn leis na sonraí ábhartha do na dálaí reatha nó ionchasacha. Beidh líon na risíochtaí sa sampla agus an tréimhse shonraí a úsáideadh le haghaidh an chainníochtú leordhóthanach le go mbeidh muinín ag an institiúid as beachtas agus as stóinseacht a meastachán;

(e) i gcás earraí infhaighte ceannaithe, cuirfear i gcuntas sna meastacháin gach faisnéis iomchuí a bheidh ar fáil don institiúid cheannaigh maidir le caighdeán na n-earraí infhaighte foluiteacha, lena n-áirítear sonraí maidir le comhthiomsuithe comhchosúla arna gcur ar fáil ag an díoltóir, ag an institiúid cheannaigh, nó ag foinsí seachtracha. Déanfaidh an institiúid cheannaigh meastóireacht ar aon sonra a chuirtear san áireamh arbh é an díoltóir a chuir ar fáil é;

(f) cuirfidh institiúid corrlach choimeádachais lena meastacháin a bhaineann le raon ionchasach na n-earráidí meastacháin. I gcás ina meastar nach bhfuil na modhanna agus na sonraí sásúil nó go bhfuil raon ionchasach na n-earráidí níos mó, beidh an corrlach choimeádachais níos mó.

I gcás ina n-úsáideann institiúidí meastacháin éagsúla chun na hualuithe priacal a ríomh nó chun críocha inmheánacha, doiciméadófar é sin agus beidh sé réasúnta. Más féidir le hinstitiúidí a léiriú dá n-údaráis inniúla go ndearnadh coigeartuithe iomchuí ar na sonraí a bailíodh roimh an 1 Eanáir 2007 sa chaoi is go bhfuil siad coibhéiseach, tríd is tríd, leis an sainmhíniú ar mhainneachtain atá leagtha síos in Airteagal 178 nó le caillteanas, féadfaidh údaráis inniúla roinnt solúbthachta a cheadú do na hinstitiúidí maidir le cur chun feidhme na gcaighdeán arna gceangal maidir le sonraí.

▼B

2. I gcás ina n-úsáideann institiúid sonraí atá comhthiomsaithe thar institiúidí éagsúla, comhlíonfaidh sí na ceanglais seo a leanas:

(a) tá córais rátála agus critéir na n-institiúidí eile sa chomhthiomsú cosúil lena cuid córas rátála agus critéar féin;

(b) tá an comhthiomsú ionadaíoch don phunann a n-úsáidtear na sonraí comhthiomsaithe lena aghaidh;

(c) úsáideann an institiúid na sonraí comhthiomsaithe go comhsheasmhach le himeacht ama dá meastacháin;

(d) leanfaidh an institiúid de bheith freagrach as sláine a córais rátála;

(e) coimeádfaidh an institiúid ar bun an t-eolas atá ag a foireann ar chórais rátála i gcónaí, lena n-áirítear an cumas faireachán agus iniúchóireacht éifeachtach a dhéanamh ar an bpróiseas rátála.

*Airteagal 180*

**Ceanglais a bhaineann go sonrach le meastachán ar PD**

1. Agus na paraiméadair priacal a bhainfidh leis na gráid agus leis na comhthiomsuithe rátála á gcainníochtú acu, déanfaidh na hinstitiúidí na ceanglais seo a leanas a bhaineann go sonrach le meastachán ar PD a chur i bhfeidhm maidir le risíochtaí ar chorparáidí, ar institiúidí, agus ar rialtas láir agus ar bhainc cheannais agus maidir le risíochtaí ar chothromas i gcás ina mbaineann institiúid leas as an gcur chuige PD/LGD a leagtar amach in Airteagal 155(3):

(a) déanfaidh institiúidí meastachán ar PDanna de réir grád oibleagáideora ar bhonn meán fadtréimhseach rátaí mainneachtana aon bhliain amháin. Cuirfear san áireamh i meastacháin PD oibleagáideoirí atá dianluamhánaithe nó oibleagáideoirí ar sócmhainní trádáilte den chuid is mó a sócmhainní feidhmíocht na sócmhainní foluiteacha ar bhonn tréimhsí luaineachta struis;

(b) i gcás earraí infhaighte corparáideacha ceannaithe féadfaidh institiúidí an EL de réir an ghráid oibleagáideora a mheas ar bhonn meán fadtréimhseach rátaí mainneachtana réadaithe aon bhliain amháin;

(c) má dhéanann institiúid na meánmheastacháin fhadtréimhseacha ar PDanna agus LGDanna i leith earraí infhaighte corparáideacha ceannaithe ó mheastachán EL, agus ar mheastachán iomchuí ar PD nó ar LGD, comhlíonfaidh an próiseas chun na caillteanais iomlána a mheas na caighdeáin ghinearálta maidir le meastacháin ar PDanna agus LGDanna atá leagtha amach sa chuid seo, agus beidh an toradh comhsheasmhach le coincheap an LGD mar atá sé leagtha amach in Airteagal 181(1)(a);

(d) ní bhainfidh institiúidí úsáid as teicnící measta PD gan anailís a chur mar thaca leo. Cuirfidh institiúidí san áireamh an tábhacht a bhaineann le breithiúnas maidir le torthaí na dteicnící a chur le chéile agus coigeartuithe a dhéanamh i ngeall ar easnamh na dteicnící agus na faisnéise;

▼B

(e) sa mhéid go n-úsáideann institiúid sonraí maidir leis an taithí inmheánach ar an mainneachtain chun PDanna a mheas, cuirfear san áireamh sna meastacháin na caighdeáin frithgheallta agus na difríochtaí sa chóras rátála a ghin na sonraí agus an córas rátála reatha. I gcás ina bhfuil athrú ar chaighdeáin frithgheallta nó ar na córais rátála, cuirfidh an institiúid corrlach choimeádachais lena meastachán PD;

(f) sa mhéid go gcomcheanglaíonn nó go mapálann institiúid a gráid inmheánacha leis an scála a úsáideann IMCS nó eagraíochtaí dá leithéid agus go sannann sí ansin an ráta mainneachtana atá le haithint ar ghráid na heagraíochta seachtraí do ghráid na hinstitiúide, beidh na mapálacha bunaithe ar chomparáid idir na critéir rátála inmheánacha agus na critéir a úsáideann an eagraíocht sheachtrach agus ar chomparáid idir na rátálacha inmheánacha agus na rátálacha seachtracha i gcás aon oibleagáideoir atá i bpáirt acu. Seachnófar laofachtaí nó neamhréireanna sa chur chuige mapála nó sna bunsonraí. Beidh critéir na heagraíochta seachtraí a fholuíonn na sonraí a úsáidfear don chainníochtú dírithe ar an bpriacal mainneachtana amháin agus ní chuirfidh siad saintréithe na n-idirbheart san áireamh. Áireofar san anailís a dhéanfaidh an institiúid comparáid idir na sainmhínithe ar mhainneachtain arna n-úsáid, faoi réir na gceanglas in Airteagal 178. Doiciméadóidh an institiúid bunús na mapála;

(g) sa mhéid go n-úsáideann institiúid samhlacha staitistiúla chun mainneachtain a thuar, is ceadmhach meastachán a dhéanamh ar na PDanna mar mheán simplí na meastachán ar dhóchúlacht mainneachtana oibleagáideoirí aonair in aon ghrád ar leith. An úsáid a bhainfidh an institiúid as samhlacha um dhóchúlacht mainneachtana chun na críche seo, comhlíonfaidh sí na caighdeáin atá leagtha amach in Airteagal 174;

(h) is cuma cé acu foinsí sonraí seachtracha, inmheánacha nó comhthiomsaithe, nó meascán den trí rud sin a úsáideann an institiúid dá meastachán PD, beidh fad na tréimhse breathnóireachta stairiúla bunúsaí cothrom le cúig bliana ar a laghad i gcás foinse amháin díobh ar a laghad. Más faide ná sin an tréimhse bhreathnóireachta a bheidh le fáil d'aon fhoinse ar leith agus má tá na sonraí sin ábhartha, is í an tréimhse is faide a úsáidfear. Tá feidhm aige sin freisin maidir leis an gCur Chuige PD/LGD i leith cothromais. Tá feidhm aige sin freisin maidir leis an gCur Chuige PD/LGD i leith cothromais. faoi réir chead na n-údarás inniúil, institiúidí nach mbeidh cead faighte acu ón údarás inniúil de bhun Airteagal 143 a meastacháin féin ar LGD ná ar fhachtóirí coinbhéartachta a úsáid, féadfaidh siad sonraí ábhartha a chumhdóidh tréimhse dhá bhliain a úsáid le linn dóibh an Cur Chuige IRB a chur i bhfeidhm. Cuirfear aon bhliain amháin in aghaidh na bliana leis an tréimhse a bheidh le cumhdach gach bliain nó go gcumhdóidh na sonraí ábhartha tréimhse cúig bliana.

2. I gcás risíochtaí ar mhiondíol, beidh feidhm ag na ceanglais seo a leanas:

(a) déanfaidh institiúidí meastacháin ar PDanna de réir an ghráid nó an chomhthiomsaithe oibleagáideora ar bhonn meán fadtréimhseach rátaí mainneachtana aon bhliain amháin.

(b) féadfar meastacháin PD a dhéanamh freisin ar bhonn meastachán na gcaillteanas iomlán agus ar bhonn meastachán ábhartha ar LGDanna;

▼B

(c) measfaidh na hinstitiúidí gurb iad na sonraí inmheánacha maidir le risíochtaí a shannadh do ghráid nó do chomhthiomsuithe príomhfhoinse na faisnéise chun meastachán a dhéanamh ar shaintréithe an chaillteanais. Féadfaidh institiúidí úsáid a bhaint as sonraí seachtracha (lena n-áirítear sonraí comhthiomsaithe) nó samhlacha staitistiúla don chainníochtú ar an gcoinníoll go mbeidh an dá nasc láidir seo i gceist:

(i) idir próiseas na hinstitiúide maidir le risíochtaí a shannadh do ghráid nó do chomthiomsuithe agus an próiseas a úsáideann foinse na sonraí seachtracha; agus

(ii) idir próifíl priacal inmheánach na hinstitiúide agus comhdhéanamh na sonraí seachtracha;

►C2 (d) má dhéanann institiúid na meánmheastacháin fhadtréimhseacha ar PD agus LGD i leith risíochtaí miondíola a dhíorthú ó mheastachán ar chaillteanais iomlána ◄ agus ar mheastachán ábhartha ar PD nó an LGD, comhlíonfaidh an próiseas chun meastachán a dhéanamh ar na caillteanais iomlána na caighdeáin ghinearálta maidir leis meastacháin PD agus LGD atá leagtha amach sa chuid seo, agus beidh an toradh comhsheasmhach le coincheap an LGD mar atá sé leagtha amach i bpointe (a) d'Airteagal 181(1);

(e) is cuma cé acu foinsí sonraí seachtracha, inmheánacha nó comhthiomsaithe, nó meascán den trí rud sin a úsáideann an institiúid dá meastachán ar shaintréithe an chaillteanais, beidh fad na tréimhse breathnóireachta stairiúla bunúsaí cothrom le cúig bliana ar a laghad d'fhoinse amháin díobh ar a laghad. Más faide ná sin an tréimhse bhreathnóireachta a bheidh le fáil d'aon fhoinse ar leith agus má tá na sonraí sin ábhartha, is í an tréimhse is faide a úsáidfear. Ní gá gur comhthábhachtach leis an institiúid na sonraí stairiúla agus sonraí is déanaí más fearr an réamhtháscaire iad seo ar na rátaí caillteanais. Faoi réir chead na n-údarás inniúil, féadfaidh institiúidí, le linn dóibh an Cur Chuige IRB a chur chun feidhme, sonraí ábhartha a chumhdóidh tréimhse dhá bhliain a úsáid. Is mó d'aon bhliain an tréimhse a bheidh le cumhdach gach bliain nó go gcumhdóidh na sonraí ábhartha tréimhse cúig bliana;

(f) sainaithneoidh institiúidí na hathruithe ionchasacha ar na paraiméadair priacal thar shaolré na risíochtaí creidmheasa (éifeachtaí stálaithe) agus déanfaidh siad anailís orthu.

I gcás earraí infhaighte ceannaithe, féadfaidh institiúidí sonraí tagartha inmheánacha agus seachtracha a úsáid. Bainfidh na hinstitiúidí úsáid as gach foinse sonraí ábhartha mar phointí comparáide.

3. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na nithe seo a leanas a shonrú:

(a) na dálaí ar dá réir a fhéadfaidh na húdaráis inniúla na ceadanna sin a thabhairt dá dtagraítear i bpointe (h) de mhír 1 agus i bpointe (e) de mhír 2;

(b) na modheolaíochtaí ar dá réir a mheasúnóidh údaráis inniúla modheolaíocht institiúide maidir le PD a mheas de bhun Airteagal 143.

▼B

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2014.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 181*

**Ceanglais a bhaineann go sonrach le féinmheastachán ar LGDanna**

1. Agus na paraiméadair priacal a bhainfidh leis na gráid agus leis na comhthiomsuithe rátála á gcainníochtú acu, cuirfidh institiúidí na ceanglais seo a leanas a bhaineann go sonrach le féinmheastachán ar LGDanna i bhfeidhm.

(a) déanfaidh institiúidí meastachán ar LGDanna de réir an ghráid nó an chomhthiomsaithe saoráide ar bhonn na meán-LGDanna réadaithe de réir an ghráid nó an chomhthiomsaithe saoráide, ag baint úsáide di as gach mainneachtain a breathnaíodh laistigh de na foinsí sonraí (an meán mainneachtain-ualaithe);

(b) úsáidfidh institiúidí meastacháin ar LGDanna atá ábhartha do ghéarchor eacnamaíoch má tá siad sin níos coimeádaí ná an meán fadtréimhseach. Sa mhéid go meastar go soláthróidh córas rátála LGDanna réadaithe ar leibhéal seasmhach de réir an ghráid nó an chomhthiomsaithe thar imeacht ama, déanfaidh institiúidí coigeartuithe ar a meastacháin ar pharaiméadair priacal de réir an ghráid nó an chomhthiomsaithe chun iarmhairt an ghéarchoir sa gheilleagar ar an gcaipiteal a theorannú;

(c) breithneoidh institiúid a mhéid a bhraitheann priacal an oibleagáideora agus priacal na comhthaobhachta nó sholáthraí na comhthaobhachta ar a chéile. Caithfear go coimeádach leis na cásanna ina bhfuil spleáchas suntasach;

(d) déileálfar go coimeádach le neamhréireanna airgeadra idir an bhunoibleagáid agus an chomhthaobhacht maidir le measúnú na hinstitiúide ar an LGD;

(e) sa mhéid go gcuirfear san áireamh sna meastacháin ar LGDanna comhthaobhacht a bheith ann, ní bheidh na meastacháin sin bunaithe ar mhargadhluach measta na comhthaobhachta sin amháin. Cuirfear san áireamh sna meastacháin ar LGDanna cén chaoi a rachadh sé i gcion ar na hinstitiúidí gan a bheith in ann a gcomhthaobhacht a ghabháil go gasta agus í a leachtú;

(f) sa mhéid go gcuirfear san áireamh sna meastacháin ar LGDanna comhthaobhacht a bheith ann, bunóidh na hinstitiúidí ceanglais inmheánacha maidir le bainistiú na comhthaobhachta, deimhneacht dhlíthiúil agus bainistíocht priacal a bheidh comhsheasmhach, tríd is tríd, leis na cinn atá leagtha amach i gCaibidil 4, Roinn 3;

(g) sa mhéid go gcuireann an institiúid an chomhthaobhacht san áireamh maidir le luach na risíochta ar priacal creidmheasa an chontrapháirtí a chinneadh i gcomhréir le Caibidil 6, Roinn 5 nó 6, ní chuirfear san áireamh sna meastacháin ar LGDanna aon suim a bhfuiltear ag súil a ghnóthú ón gcomhthaobhacht;

▼**B**

(h) maidir le sainchás na risíochtaí atá ar mainneachtain cheana, úsáidfidh an institiúid suim an mheastacháin is fearr atá aici ar an gcaillteanas ionchasach do gach risíocht díobh de réir dálaí eacnamaíocha reatha agus stádas na risíochta agus a meastachán faoin ardú ar an ráta caillteanais a bheidh ann mar gheall ar chaillteanais eile a d'fhéadfadh a bheith ann nach raibh súil leo i rith na tréimhse aisghnóthaithe, i.e. idir an dáta a ndéanfar an mainneachtain agus dáta leachtú deiridh na risíochta;

(i) sa mhéid go gcaipitlítear táillí gan íoc déanacha i ráiteas ioncaim na hinstitiúide, cuirfear iad sin le tomhas na hinstitiúide ar an risíochtagus ar an gcaillteanas;

(j) i gcás risíochtaí ar chorparáidí, ar institiúidí agus ar rialtais láir agus ar bhainc cheannais, bunófar na meastacháin ar LGDanna ar shonraí cúig bliana ar a laghad, agus cuirfear bliain amháin in aghaidh na bliana leis an tréimhse sin tar éis a chuir chun feidhme nó go sroichfear seacht mbliana ar a laghad, i gcás aon fhoinse sonraí amháin ar a laghad. Más faide ná sin an tréimhse bhreathnóireachta a bheidh le fáil d'aon fhoinse ar leith agus má tá na sonraí ábhartha, is í an tréimhse is faide a úsáidfear.

2. I gcás risíochtaí ar mhiondíol, féadfaidh institiúidí an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) na meastacháin ar LGDanna a dhíorthú ó na caillteanais réadaithe agus ar mheastacháin ábhartha ar PDanna;

(b) tarraingtí todhchaí a chur san áireamh ina bhfachtóirí coinbhéartachta nó ina meastacháin ar LGDanna;

(c) I gcás earraí infhaighte ceannaithe, sonraí tagartha inmheánacha agus seachtracha a úsáid chun LGDanna a mheas.

I gcás risíochtaí ar mhiondíol, bunófar meastacháin ar LGDanna ar shonraí thar chúig bliana ar a laghad. Ní gá gur comhthábhachtach leis an institiúid na sonraí stairiúla agus sonraí is déanaí más fearr an réamhtháscaire na sonraí is déanaí i leith na rátaí caillteanais. Faoi réir chead na n-údarás inniúil, féadfaidh institiúidí, le linn dóibh an Cur Chuige IRB a chur chun feidhme, sonraí ábhartha a chumhdóidh tréimhse dhá bhliain a úsáid. Cuirfear aon bhliain amháin in aghaidh na bliana leis an tréimhse a bheidh le cumhdach gach bliain nó go gcumhdóidh na sonraí ábhartha tréimhse cúig bliana.

3. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na nithe seo a leanas a shonrú:

(a) cineál, géire agus fad an ghéarchoir eacnamaíoch dá dtagraítear i mír 1;

▼**C2**

(b) na coinníollacha ar dá réir a fhéadfaidh údarás inniúil cead a thabhairt d'institiúid de bhun mhír 2 sonraí ábhartha a chumhdaíonn tréimhse dhá bhliain a úsáid, nuair a chuireann an institiúid an Cur Chuige IRB chun feidhme.

▼B

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2014.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 182*

**Ceanglais a bhaineann go sonrach le féinmheastachán ar fhachtóirí coinbhéartachta**

1. Agus na paraiméadair priacal a bhainfidh leis na gráid agus leis na comhthiomsuithe rátála á gcainníochtú acu, déanfaidh institiúidí na ceanglais seo a leanas a bhaineann go sonrach le féinmheastachán ar fhachtóirí coinbhéartachta a chur i bhfeidhm:

(a) déanfaidh institiúidí fachtóirí coinbhéartachta a mheas de réir an ghráid nó an chomhthiomsaithe saoráide ar bhonn mheán na bhfachtóirí coinbhéartachta réadaithe de réir an ghráid nó an chomhthiomsaithe saoráide, ag baint úsáide di as an meán mainneachtain-ualaithe a thig ó gach mainneachtain a breathnaíodh laistigh de na foinsí sonraí;

(b) úsáidfidh na hinstitiúidí meastacháin ar fhachtóirí coinbhéartachta LGD atá ábhartha do ghéarchor eacnamaíoch má tá siad níos coimeádaí ná an meán fadtréimhseach. Sa mhéid go meastar go soláthróidh córas rátála fachtóirí coinbhéartachta réadaithe ar leibhéal seasmhach de réir an ghráid nó an chomhthiomsaithe thar imeacht ama, déanfaidh institiúidí coigeartuithe ar a meastacháin ar pharaiméadair priacal de réir an ghráid nó an chomhthiomsaithe chun éifeacht an ghéarchoir eacnamaíoch ar an gcaipiteal a theorannú;

(c) cuirfear san áireamh i meastacháin na n-institiúidí ar fhachtóir coinbhéartachta go bhféadfadh an t-oibleagáideoir tarraingtí breise a dhéanamh go dtí go spreagfar teagmhas mainneachtana agus ina dhiaidh. Cuimseofar sa mheastachán ar an bhfachtóir coinbhéartachta corrlach choimeádachais níos mó más féidir súil a bheith acu go réasúnach le comhghaol deimhneach níos láidre idir minicíocht na mainneachtana agus méad an fhachtóra coinbhéartaigh;

(d) le linn dóibh teacht ar mheastacháin ar fhachtóirí coinbhéartachta, cuirfidh na hinstitiúidí san áireamh na beartais agus na straitéisí sonracha lenar ghlac siad maidir leis an bhfaireachán ar chuntais agus le próiseáil na n-íocaíochtaí. Cuirfidh na hinstitiúidí san áireamh freisin a mhéid atá siad ábalta agus toilteanach tarraingtí eile a chosc i ndálaí atá gar don mhainneachtain, amhail sáruithe cúnaint nó teagmhais mhainneachtana theicniúla eile;

(e) beidh córais agus nósanna imeachta leormhaithe ar bun ag institiúidí le faireachán a dhéanamh ar mhéideanna saoráide, ar mhéideanna gan íoc i gcomparáid leis na línte atá tiomanta agus ar na hathruithe ar na méideanna gan íoc de réir an oibleagáideora agus an ghráid. Beidh an institiúid i riocht faireachán a dhéanamh go laethúil ar aon iarmhéid gan íoc;

▼B

(f) Má úsáideann institiúidí meastacháin éagsúla ar na fachtóirí coinbhéartachta le méideanna na risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh agus chun críocha inmheánacha, doiciméadófar é sin agus beidh sé réasúnta.

2. I gcás risíochtaí ar chorparáidí, ar institiúidí agus ar rialtais láir agus bhainc cheannais, bunófar na meastacháin ar na fachtóirí coinbhéartachta ar shonraí cúig bliana ar a laghad, agus cuirfear bliain amháin in aghaidh na bliana leis an tréimhse sin tar éis a chuir chun feidhme nó go sroichfear seacht mbliana ar a laghad, i gcás aon fhoinse sonraí amháin ar a laghad. Más faide ná sin an tréimhse bhreathnóireachta a bheidh le fáil d'aon fhoinse ar leith agus má tá na sonraí ábhartha, is í an tréimhse is faide a úsáidfear.

3. I gcás risíochtaí ar mhiondíol, féadfaidh institiúidí tarraingtí todhchaí a áireamh ina bhfachtóirí coinbhéartachta nó ina meastacháin ar LGDanna.

I gcás risíochtaí ar mhiondíol, bunófar meastacháin ar fhachtóirí coinbhéartachta ar shonraí thar cúig bliana ar a laghad. De mhaolú ar phointe (a) de mhír 1, ní gá gur comhthábhachtach leis an institiúid iad na sonraí stairiúla más fearr an réamhtháscaire iad na sonraí is déanaí ar íostarraingtí. Faoi réir chead na n-údarás inniúil, féadfaidh institiúidí, le linn dóibh an Cur Chuige IRB a chur chun feidhme, sonraí ábhartha a chumhdóidh tréimhse dhá bhliain a úsáid. Cuirfear aon bhliain amháin in aghaidh na bliana leis an tréimhse a bheidh le cumhdach gach bliain nó go gcumhdóidh na sonraí ábhartha tréimhse cúig bliana.

4. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na nithe seo a leanas a shonrú:

(a) cineál, géire agus fad an ghéarchoir eacnamaíoch dá dtagraítear i mír 1;

(b) na coinníollacha ar dá réir a fhéadfaidh údarás inniúil cead a thabhairt d'institiúid sonraí ábhartha a chumhdaíonn tréimhse dhá bhliain a úsáid nuair a chuireann an institiúid an Cur Chuige IRB chun feidhme den chéad uair.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2014.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 183*

▼C2

**Ceanglais maidir le measúnú a dhéanamh ar iarmhairt ráthaíochtaí agus díorthaigh chreidmheasa ar risíochtaí ar chorparáidí, ar institiúidí agus ar rialtais láir agus ar bhainc cheannais nuair a úsáidtear féinmheastacháin ar LGDanna agus risíochtaí ar mhiondíol**

▼B

1. Beidh feidhm ag na ceanglais seo a leanas maidir le ráthóirí agus ráthaíochtaí incháilithe:

▼B

(a) beidh ag institiúidí critéir atá sonraithe go soiléir maidir leis na cineálacha ráthóirí a aithníonn siad chun na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh;

(b) i gcás ráthóirí aitheanta beidh feidhm ag na rialacha céanna sin a bhaineann le hoibleagáideoirí mar atá leagtha amach in Airteagal 171, Airteagal 172 agus Airteagal 173;

(c) beidh an ráthaíocht fianaithe i scríbhinn, beidh sí neamh-inchealaithe ó thaobh an ráthóra, beidh sí i bhfeidhm nó go gcomhlíonfar an oibleagáid ina hiomláine (go feadh mhéid agus bhrí na ráthaíochta) agus beidh sí inchurtha i bhfeidhm le dlí i gcoinne an ráthóra i ndlínse ina bhfuil sócmhainní ag an ráthóir a fhéadfar a urghabháil chun breithiúnas a fhorfheidhmiú. Ráthaíochtaí coinníollacha lena leagtar síos téarmaí a shonraíonn na coinníollacha nach bhféadfar oibleagáid chomhlíonta a chur ar an ráthóir fúthu, féadfar iad a aithint faoi réir chead na n-údarás inniúil. Tabharfaidh na critéir shannacháin aghaidh go leormhaith ar aon laghdú a d'fhéadfadh teacht ar an éifeacht mhaolaithe priacal.

2. Beidh ag institiúid critéir atá sonraithe go soiléir maidir leis na gráid, na comhthiomsuithe nó na meastacháin ar LGDanna a choigeartú agus, i gcás earraí infhaighte ceannaithe incháilithe agus miondíola, an próiseas maidir le risíochtaí a shannadh do ghráid nó do comhthiom-suithe, chun iarmhairt na ráthaíochtaí ar ríomh na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a chur san áireamh. Comhlíonfaidh na critéir sin na ceanglais atá leagtha amach in Airteagal 171, Airteagal172 agus Airteagal 173.

Beidh na critéir dealraitheach iomasach. Tabharfaidh siad aghaidh ar chumas agus ar thoil an ráthóra feidhmiú faoin ráthaíocht, an uair is dócha a dhéanfaidh an ráthóir aon íocaíocht, a mhéid atá cumas an ráthóra maidir leis na téarmaí a chomhlíonadh comhghaolaithe le cumas an oibleagáideora an aisíocaíocht a dhéanamh agus a mhéid a fhanann an priacal iarmharach i leith an oibleagáideora.

3. Beidh feidhm freisin ag na ceanglais maidir le ráthaíochtaí san Airteagal seo i leith díorthaigh chreidmheasa aonainm. I gcás neamhréire idir an bhunoibleagáid agus oibleagáid tagartha an díorthaigh chreidmheasa nó an oibleagáid lena gcinntear ar tharla teagmhas creidmheasa nó nár tharla, beidh feidhm ag na ceanglais atá leagtha amach in Airteagal 216(2). Maidir le risíochtaí ar mhiondíol agus ar earraí infhaighte ceannaithe incháilithe, tá feidhm ag an mír seo maidir leis an bpróiseas chun na risíochtaí a shannadh do ghráid nó do chomhthiomsuithe;

Tabharfaidh na critéir aghaidh ar struchtúr eisíocaíochta an díorthaigh chreidmheasa agus measúnóidh siad go coimeádach a iarmhairt ar leibhéal agus ar uainiú na n-aisghnóthuithe. Cuirfidh an institiúid san áireamh a mhéid atá cineálacha eile priacal iarmharaigh fanta.

4. Ní bheidh feidhm ag na ceanglais atá leagtha amach i míreanna 1 go 3 le ráthaíochtaí a sholáthair institiúidí, rialtas láir agus bainc cheannais, ná maidir le heintitis chorparáideacha a chomhlíonann na ceanglais atá leagtha síos in Airteagal 201(1)(g), má tá cead faighte ag an institiúid an Cur Chuige Caighdeánaithe a chur i bhfeidhm i gcás risíochtaí ar eintitis den chineál sin de bhun Airteagal 148 agus Airteagal 150. Sa chás sin beidh feidhm ag ceanglais Chaibidil 4.

▼B

5. I gcás ráthaíochtaí miondíola, beidh feidhm freisin ag na ceanglais atá leagtha amach i mír 1,i mír 2 agus i mír 3 maidir le sannadh na risíochtaí do ghráid nó do chomhthiomsuithe, agus le meastacháin ar PD a dhéanamh.

6. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na coinníollacha a shonrú ar dá réir a fhéadfaidh údaráis inniúla cead a thabhairt ráthaíochtaí coinníollacha a aithint.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2014.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 184*

**Ceanglais maidir le hearraí infhaighte ceannaithe**

1. Agus na paraiméadair priacal á gcainníochtú acu a bhainfidh leis na gráid agus leis na comhthiomsuithe rátála d'earraí infhaighte ceannaithe, áiritheoidh institiúidí go gcomhlíonfar na coinníollacha atá leagtha síos i míreanna 2 go 6.

2. Áiritheoidh struchtúr na saoráide, i ngach cás is féidir a thuar, go mbeidh úinéireacht agus rialú iarbhír ag an institiúid ar gach íocaíocht airgid a thagann as na hearraí infhaighte. Nuair a dhéanann an t-oibleagáideoir íocaíochtaí díreacha le díoltóir nó le seirbhíseoir, deimhneoidh an institiúid go rialta go gcuirfear na híocaíochtaí ina n-iomláine ar aghaidh de réir théarmaí a bheidh aontaithe de réir conartha. Beidh nósanna imeachta ag institiúidí lena áirithiú go mbeidh úinéireacht na n-earraí infhaighte agus na bhfáltas airgid cosanta ar bhaic fhéimheachta nó ar agóidí dlí a d'fhéadfadh moill shuntasach a chur ar chumas an iasachtóra na hearraí infhaighte a leachtú nó a shannadh nó na fáltais airgid a rialú.

3. Déanfaidh an institiúid faireachán ar cháilíocht na n-earraí infhaighte ceannaithe agus freisin ar staid airgeadais an díoltóra agus an tseirbhíseora. Beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) déanfaidh an institiúid measúnú ar an gcomhghaol atá idir cáilíocht na n-earraí infhaighte ceannaithe agus staid airgeadais an díoltóra agus an tseirbhíseora, beidh beartais agus nósanna imeachta inmheánacha ar bun aici a mbeidh ina gcosaint iomchuí ar aon teagmhas, lena n-áirítear rátáil priacal inmheánach a shannadh do gach díoltóir agus gach seirbhíseoir;

(b) beidh beartais agus nósanna imeachta soiléire éifeachtacha ag an institiúid le hincháilitheacht an díoltóra agus an tseirbhíseora a chinneadh. Déanfaidh an institiúid nó a gníomhaire athbhreithnithe tréimhsiúla ar dhíoltóirí agus ar sheirbhíseoirí le beachtas thuarascálacha an díoltóra nó an tseirbhíseora a dheimhniú, le calaois nó laigí oibriúcháin a aimsiú agus le cáilíocht bheartais chreidmheasa an díoltóra agus cáilíocht bheartais agus nósanna imeachta bailiúcháin an tseirbhíseora a dheimhniú. Doiciméadófar torthaí na n-athbhreithnithe sin;

▼B

(c) measúnóidh an institiúid saintréithe na gcomhthiomsaithe d'earraí infhaighte ceannaithe, lena n-áirítear ró-airleacain; stair riaráistí agus dhrochfhiacha an díoltóra agus stair a lamháltas in aghaidh drochfhiach; téarmaí íocaíochta agus cuntais contra ionchasacha;

(d) beidh beartais agus nósanna imeachta éifeachtacha ag an institiúid le faireachán a dhéanamh ar bhonn comhiomláin ar chomhchruinnithe oibleagáideoirí aonair trasna comhthiomsuithe d'earraí infhaighte ceannaithe agus laistigh díobh;

(e) áiritheoidh an institiúid go bhfaighidh sí tuarascálacha tráthúla mionsonraithe a ndóthain ón seirbhíseoir ar aosú agus ar chaolú na n-earraí infhaighte lena áirithiú go gcomhlíonfar critéir incháilitheachta na hinstitiúide agus na beartais airleacain a rialaíonn na hearraí infhaighte ceannaithe, agus le modh éifeachtach a chur ar fáil le faireachán a dhéanamh ar théarmaí díolta agus caolúcháin an díoltóra agus iad sin a dhaingniú.

4. Beidh córais agus nósanna imeachta ag an institiúid le haon mheath ar staid airgeadais an díoltóra agus ar cháilíocht na n-earraí infhaighte ceannaithe a bhrath go luath, agus le haghaidh a thabhairt go réamhghníomhach ar aon fhadhb a bheadh ag teacht chun cinn. Go háirithe, beidh beartais, nósanna imeachta agus córais fhaisnéise shoiléire agus éifeachtacha ag an institiúid le faireachán a dhéanamh ar aon sárú cúnaint agus beidh beartais agus nósanna imeachta soiléire éifeachtacha aici le caingne dlí a thionscnamh agus le plé le hearraí infhaighte ceannaithe fadhbacha.

5. Beidh beartais agus nósanna imeachta soiléire éifeachtacha ag an institiúid le rialú a dhéanamh ar earraí infhaighte ceannaithe, ar an gcreidmheas agus ar an airgead tirim. Go háirithe, sonróidh beartais inmheánacha scríofa gach eilimint ábhartha sa chlár chun earraí infhaighte a cheannach, lena n-áirítear na rátaí airleacain, an chomhthaobhacht incháilithe, an doiciméadacht riachtanach, na srianta ar chomhchruinniú agus an chaoi nach mór fáltais airgid a láimhseáil. Áireofar sna gnéithe sin gach toisc ábhartha agus iomchuí, lena n-áirítear staid airgeadais an díoltóra agus an tseirbhíseora, na comhchruinnithe priacal, agus treochtaí maidir le cáilíocht na n-earraí infhaighte ceannaithe agus cáilíocht bhonn custaiméirí an díoltóra, agus áiritheoidh na córais inmheánacha nach dtabharfar cistí ar airleacan gan comhthaobhacht agus doiciméadacht tacaíochta a bheith ann.

6. Beidh próiseas inmheánach éifeachtach ag an institiúid chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na mbeartas agus na nósanna imeachta inmheánacha ar fad. Beidh sa phróiseas sin iniúchóireacht rialta ar gach staid chriticiúil de chlár a hinstitiúide chun earraí infhaighte a cheannach, deimhniú go bhfuil na dualgais arna ndeighilt idir measúnú an díoltóra agus an tseirbhíseora agus measúnú an oibleagáideora, ar an gcéad dul síos, agus, ar an dara dul síos, idir measúnú an díoltóra agus an tseirbhíseora agus iniúchadh allamuigh an díoltóra agus an tseirbhíseora, agus an mheastóireacht ar na hoibríochtaí cúloifige, agus beidh béim ar leith ann ar na cáilíochtaí, an taithí, na leibhéil soláthair foirne agus na córais uathoibrithe tacaíochta.

▼B

Foroinn 3

**Bailíochtú na meastachán inmheánach**

*Airteagal 185*

**Bailíochtú na meastachán inmheánach**

Déanfaidh institiúidí bailíochtú ar a gcuid meastachán faoi réir na gceanglas seo a leanas:

(a) beidh córais stóinsithe i bhfeidhm ag an institiúid chun cruinneas agus comhsheasmhacht na gcóras rátála agus na bpróiseas a bhailíochtú, mar aon leis an meastachán ar gach paraiméadar priacal ábhartha. Cuirfidh an próiseas bailíochtaithe inmheánach ar chumas na hinstitiúide measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú na gcóras rátála agus na meastachán priacal inmheánach go comhsheasmhach agus go fóinteach;

(b) déanfaidh institiúidí comparáid go rialta idir na rátaí mainneachtana a réadaíodh agus PDanna measta gach gráid agus, má tá na rátaí mainneachtana lasmuigh den raon a bhfuil súil leis sa ghrád sin, déanfaidh na hinstitiúidí anailís shonrach ar na cúiseanna is bun leis an diall. Institiúidí a úsáideann a meastacháin féin ar LGDanna agus a bhfachtóirí coinbhéartachta féin, déanfaidh siad anailís den chineál céanna i gcás na meastachán sin. Bainfidh na comparáidí seo úsáid as sonraí stairiúla a chumhdaíonn an tréimhse is faide is féidir. Tabharfaidh an institiúid tuairisc ar na modhanna agus ar na sonraí a úsáideadh i gcomparáidí den sórt sin. Tabharfar an anailís agus an doiciméadacht cothrom le dáta uair amháin in aghaidh na bliana ar a laghad;

(c) úsáidfidh institiúidí uirlisí bailíochtaithe cainníochtúla eile freisin mar aon le comparáidí le foinsí sonraí seachtracha ábhartha. Bunófar an anailís ar shonraí atá oiriúnach don phunann, a nuashonraítear go rialta agus a chumhdaíonn tréimhse bhreathnóireachta ábhartha. Bunófar measúnuithe inmheánacha na n-institiúidí maidir le feidhmiú a gcóras rátála ar an tréimhse is faide is féidir;

(d) beidh na modhanna agus na sonraí a úsáidfear don bhailíochtú cainníochtúil comhsheasmhach go fadtéarmach. Tuairisceofar na hathruithe ar na modhanna agus ar na sonraí meastacháin agus bailíochtaithe (foinsí na sonraí agus na tréimhsí a chumhdaíonn siad);

(e) beidh caighdeáin fhónta inmheánacha ag na hinstitiúidí le haghaidh cásanna ina bhfuil na diallais ó na luachanna ionchasacha sna PDanna, sna LGDanna, sna fachtóirí coinbhéartachta agus sna caillteanais iomlána, nuair a úsáidtear an EL, suntasach a ndóthain le bheith in amhras faoi bhailíocht na meastachán. Cuirfear san áireamh sna caighdeáin sin timthriallta gnó agus inathraitheachtaí córasacha comhchosúla i stair an mhainneachtana. Más airde i gcónaí na luachanna réadaithe ná na luachanna ionchasacha, leasóidh an institiúid na meastacháin in airde chun a stair mhainneachtana agus chaillteanais a chur san áireamh iontu;

▼B

Foroinn 4

**Ceanglais maidir le risíochtaí ar chothromas de réir chur chuige na samhlacha inmheánacha**

*Airteagal 186*

**Ceanglas maidir le cistí dílse agus cainníochtaí priacal**

D'fhonn na ceanglais maidir le cistí dílse a ríomh, comhlíonfaidh institiúidí na caighdeáin seo a leanas:

(a) beidh an meastachán ar an gcaillteanas ionchais stóinsithe go leor le gluaiseachtaí díobhálacha margaidh a bhaineann le próifíl priacal fhadtéarmach na hinstitiúide a chur sa chuntas. Léireoidh na sonraí a úsáidfear d'fhonn na dáileacháin ioncaim a léiriú an tréimhse shamplach is faide dá bhfuil sonraí ar fáil atá fóinteach maidir le próifíl priacal na risíochtaí sonracha ar chothromas na hinstitiúide a léiriú. Beidh na sonraí a úsáidfear leordhóthanach chun meastacháin choimeádacha ar an gcaillteanas a chur ar fáil a bheidh stóinsithe agus iontaofa go staitistiúil agus nach mbeidh bunaithe ar an mbreithiúnas pearsanta ná ar chúrsaí suibiachtúla amháin. Cuirfidh an turraing a úsáidfear meastachán coimeádach ar fáil de na caillteanais ionchasacha thar thimthriall fadtéarmach ábhartha margaidh nó gnó. Déanfaidh an institiúid anailís eimpíreach ar na sonraí atá ar fáil agus ina theannta sin coigeartuithe atá bunaithe ar fhachtóirí éagsúla d'fhonn samhlacha aschuir a fháil atá réalaíoch agus coimeádach mar is cuí. Agus iad ag ceapadh samhlach 'Luach faoi Phriacal' (VaR) chun measúnú a dhéanamh ar na caillteanais ráithiúla ionchasacha, féadfaidh institiúidí sonraí ráithiúla a úsáid nó coibhéis ráithiúil a dhéanamh de shonraí tréimhse níos giorra, ag baint úsáide as modh anailíse iomchuí arna thacú ag fianaise eimpíreach agus próiseas réasúnaíochta agus fianaise dea-fhorbartha doiciméadaithe. Cuirfear cur chuige dá leithéid chun feidhme go comhsheasmhach agus go coimeádach thar thréimhse ama. I gcás nach bhfuil ach méid teoranta sonraí ábhartha ar fáil, cuirfidh an institiúid corrlaigh choimeádachais iomchuí leo;

(b) déanfaidh na samhlacha a úsáidfear gach priacal ábhartha atá cuimsithe sa toradh ar chothromas a ghabháil go hiomchuí, lena n-áirítear an bpriacal margaidh ginearálta agus an risíocht ar priacal sonrach a bhaineann le punann cothromais na hinstitiúide. Míneofar go leormhaith sna samhlacha inmheánacha na hathruithe stairiúla ar phraghsanna, gabhfaidh siad méid na gcomhchruinnithe féideartha agus na hathruithe ar a gcomhdhéanamh sin, agus beidh siad in ann ag dálaí margaidh díobhálacha. Beidh líon na risíochtaí ar priacal arna léiriú sna sonraí a úsáidfear le haghaidh an mheastacháin an-chosúil, nó ar a laghad beidh siad inchomparáide, le risíochtaí na hinstitiúide ar chothromas;

(c) beidh an tsamhail inmheánach ag teacht le próifíl priacal agus le castacht phunann cothromais na hinstitiúide. Má tá sealúchais ábhartha ag institiúid agus luachanna acu atá de chineál atá thar a bheith neamhlíneach, ceapfar na samhlacha inmheánacha sa chaoi is go ngabhfaidh siad go hiomchuí na priacail a bhaineann le hionstraimí den sórt sin;

(d) beidh mapáil na suíomh aonair i leith seachshonraí, innéacsanna margaidh agus fachtóirí priacal dealraitheach, iomasach agus fónta ó thaobh an choincheapa;

▼B

(e) taispeánfaidh institiúidí trí bhíthin anailíse eimpírí oiriúnacht na bhfachtóirí priacal, lena n-áirítear an cumas atá acu an priacal sonrach agus an priacal ginearálta araon a chumhdach;

(f) sna meastacháin ar luaineacht fháltais na risíochtaí ar chothromas, ionchorprófar na sonraí, an fhaisnéis agus na modhanna ábhartha atá ar fáil. Úsáidfear sonraí inmheánacha a athbhreithníodh go neamhspleách nó sonraí ó fhoinsí seachtracha, lena n-áirítear sonraí comhthiomsaithe;

(g) beidh clár dian cuimsitheach tástála struis i bhfeidhm.

*Airteagal 187*

**Próiseas agus rialú an bhainistithe priacal**

Maidir le forbairt agus le húsáid samhlacha inmheánacha chun críocha an cheanglais a bhaineann le cistí dílse, bunóidh institiúidí beartais, nósanna imeachta agus rialuithe d'fhonn sláine na samhla agus an phróisis shamhaltaithe a áirithiú. Cuimseoidh na beartais, na nósanna imeachta agus na rialuithe an méid seo a leanas:

(a) lánchomhtháthú iomlán na samhla inmheánaí i gcórais ghinearálta faisnéise bainistíochta na hinstitiúide agus i mbainistiú na punainne cothromais sa leabhar neamhthrádála. Déanfar na samhlacha inmheánacha a lánpháirtiú go hiomlán i mbonneagar bainistíochta priacal na hinstitiúide má úsáidtear iad go háirithe chun feidhmiú na punainne cothromais a thomhas agus a mheasúnú, lena n-áirítear an feidhmiú priacal -choigeartaithe, sannadh an chaipitil eacnamaíoch do na risíochtaí ar chothromas agus measúnú ar leordhóthanacht fhoriomlán an chaipitil, agus an próiseas bainistithe infheistíochta;

(b) córais bhainistíochta, nósanna imeachta agus feidhmeanna rialaithe seanbhunaithe d'fhonn athbhreithniú tréimhsiúil neamhspleách ar gach gné den phróiseas samhaltaithe inmheánach a áirithiú, lena n-áirítear na leasuithe ar an tsamhail a fhormheas, ionchuir na samhla a phromhadh agus athbhreithniú ar thorthaí na samhla, amhail ríomhaireacht an priacal a fhíorú go díreach. Déanfar measúnú sna hathbhreithnithe sin ar chruinneas, ar chomhláine agus ar oiriúnacht ionchuir agus thorthaí na samhla agus díreoidh siad ar earráidí féideartha a bhaineann le laigí aithnidiúla a aimsiú agus a theorannú, agus chomh maith ar laigí nach aithnid a bheadh sa tsamhail a shainaithint. Féadfaidh aonad inmheánach neamhspleách, nó tríú páirtí seachtrach neamhspleách athbhreithnithe den sórt sin a dhéanamh;

(c) córais agus nósanna imeachta leordhóthanacha chun faireachán a dhéanamh ar theorainneacha infheistíochta agus risíochtaí ar phriacal na risíochtaí ar chothromas;

(d) beidh na haonaid atá freagrach as dearadh agus cur chun feidhme na samhla neamhspleách ó thaobh feidhme de ar na haonaid atá freagrach as infheistíochtaí aonair a bhainistiú;

(e) beidh na páirtithe atá freagrach as aon ghné den phróiseas samhaltaithe cáilithe mar ba cheart. Sannfaidh an bhainistíocht a ndóthain acmhainní sciliúla inniúla d'fheidhm an tsamhaltaithe.

▼B

*Airteagal 188*

**Bailíochtú agus doiciméadú**

Beidh córais stóinsithe i bhfeidhm ag institiúidí chun cruinneas agus comhsheasmhacht a gcuid samhlacha inmheánacha agus a gcuid próiseas samhaltaithe a bhailíochtú. Tabharfar tuairisc maidir le gach gné ábhartha de na samhlacha inmheánacha agus den phróiseas samhaltaithe agus den bhailíochtú.

Beidh bailíochtú agus doiciméadú shamhlacha inmheánacha agus phróisis samhaltaithe na n-institiúidí faoi réir na gceanglas seo a leanas:

(a) bainfidh institiúidí úsáid as an bpróiseas bailíochtaithe inmheánach chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú a gcuid samhlacha agus a gcuid próiseas ar bhealach comhsheasmhach fóinteach;

▼C2

(b) beidh na modhanna agus na sonraí a úsáidfear don bhailíochtú cainníochtúil comhsheasmhach go fadtéarmach. Tabharfar tuairisc ar athruithe ar na modhanna meastacháin agus bailíochtaithe agus ar athruithe ar fhoinsí sonraí agus na tréimhsí a chumhdaíonn siad;

▼B

(c) déanfaidh institiúidí comparáidí rialta idir an toradh iarbhír ar chothromas, arna ríomh agus leas á bhaint as na gnóthachain agus caillteanais réadaithe agus neamhréadaithe, agus meastacháin de réir samhlacha. Bainfidh na comparáidí seo úsáid as sonraí stairiúla a chumhdaíonn an tréimhse is faide is féidir. Tabharfaidh an institiúid tuairisc ar na modhanna agus ar na sonraí a úsáideadh i gcomparáidí den sórt sin. Tabharfar an anailís agus an doiciméadacht cothrom le dáta uair amháin in aghaidh na bliana ar a laghad;

(d) úsáidfidh an institiúid uirlisí bailíochtaithe cainníochtúla eile freisin, mar aon le comparáidí le foinsí sonraí seachtracha. Bunófar an anailís ar shonraí atá oiriúnach don phunann, a nuashonraítear go rialta agus a chumhdaíonn tréimhse bhreathnóireachta ábhartha. Bunófar measúnuithe inmheánacha na n-institiúidí maidir le feidhmiú a gcuid samhlacha ar an tréimhse is faide is féidir;

(e) beidh caighdeáin fhónta inmheánacha ag an institiúid chun aghaidh a thabhairt ar chásanna ina gcaitheann an chomparáid idir an toradh iarbhír ar chothromas agus meastacháin na samhlacha amhras ar bhailíocht na meastachán nó na samhlacha. Cuirfidh na caighdeáin sin san áireamh timthriallta gnó agus inathraitheachtaí córasacha den sórt céanna i dtoradh ar chothromas. Tabharfar tuairisc ar gach coigeartú a dhéanfar ar na samhlacha inmheánacha mar fhreagairt ar athbhreithnithe ar shamhlacha agus beidh siad comhsheasmhach le caighdeáin athbhreithnithe samhlacha na hinstitiúide;

(f) déanfar tuairisciú ar an tsamhail inmheánach agus ar an bpróiseas samhaltaithe, lena n-áirítear freagrachtaí na bpáirtithe a bhfuil baint acu leis an samhaltú agus na próisis fhormheasta agus athbhreithnithe a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an tsamhail.

▼B

Foroinn 5

**Rialachas inmheánach agus formhaoirseacht**

*Airteagal 189*

**Rialachas Corparáideach**

1. Formheasfaidh comhlacht bainistíochta na hinstitiúide nó coiste ainmnithe den chomhlacht sin, mar aon leis an mbainistíocht shinsearach, gach gné de na próisis rátála agus meastacháin. Beidh tuiscint ghinearálta ag na páirtithe sin ar chórais rátála na hinstitiúide agus miontuiscint acu ar na tuarascálacha bainistíochta bainteacha.

2. Beidh an bhainistíocht shinsearach faoi réir na gceanglas seo a leanas:

(a) fógróidh siad don chomhlacht bainistíochta nó don choiste ainmnithe den chomhlacht sin aon athrú ábhartha ar, nó aon eisceacht ó, na beartais bhunaithe a dhéanfaidh difear ábhartha d'oibríochtaí chórais rátála na hinstitiúide;

(b) beidh tuiscint mhaith acu ar dhearadh agus ar oibríochtaí na gcóras rátála;

(c) áiritheoidh siad go seasta go bhfuil na córais rátála ag feidhmiú mar ba cheart;

Cuirfidh na haonaid rialaithe priacal creidmheasa an bhainistíocht shinsearach ar an eolas faoi fheidhmiú an phróisis rátála, faoi ghnéithe nár mhór a fheabhsú agus faoi stádas na n-iarrachtaí atá déanta le feabhas a chur ar easnaimh a sainaithníodh roimhe sin.

3. Beidh an anailís inmheánach a dhéanfar de réir na rátálacha ar phróifíl priacal creidmheasa na hinstitiúide ina Cuid bhunúsach den tuairisciú bainistíochta chun na bpáirtithe sin. Áireofar sa tuairisciú, ar a laghad, an phróifíl priacal de réir an ghráid, an imirce thar na gráid, meastachán ar na paraiméadair ábhartha de réir an ghráid agus comparáidí idir na rátaí mainneachtana a réadaíodh agus, má úsáidtear meastacháin, comparáidí idir na LGDanna a réadaíodh agus na fachtóirí coinbhéartachta a réadaíodh in aghaidh na n-ionchas agus in aghaidh thorthaí na tástála struis. Braithfidh minicíocht an tuairiscithe ar thábhacht agus ar chineál na faisnéise agus ar leibhéal an fhaighteora.

*Airteagal 190*

**Rialú priacal creidmheasa**

1. Beidh an t-aonad rialaithe priacal creidmheasa neamhspleách ar na feidhmeanna pearsanra agus na feidhmeanna bainistíochta atá freagrach as risíochtaí a thionscnamh nó a athnuachan agus tuairisceoidh sé go díreach chun na bainistíochta sinsearaí. Beidh an t-aonad freagrach as dearadh nó roghnú, cur chun feidhme agus feidhmíocht na gcóras rátála, agus formhaoirseacht orthu. Ullmhóidh sé tuairiscí go rialta maidir le haschur na gcóras rátála agus déanfaidh sé anailís orthu.

▼B

2. Cuimseoidh réimsí freagrachta an aonaid nó na n-aonad rialaithe priacal creidmheasa:

(a) gráid agus comhthiomsuithe a thástáil agus faireachán a dhéanamh orthu;

▼C2

(b) tuairiscí achoimre de chuid chórais rátála na hinstitiúide a ullmhú agus anailís a dhéanamh orthu;

▼B

(c) nósanna imeachta a chur chun feidhme chun a dheimhniú go bhfuil sainmhínithe na ngrád agus na gcomhthiomsuithe á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach thar ranna agus thar limistéir gheografacha;

(d) aon athrú ar an bpróiseas rátála a athbhreithniú agus a dhoiciméadú, lena n-áirítear na cúiseanna atá leis na hathruithe;

(e) athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir rátála chun a mheas an bhfuil siad fós réamhfháistineach maidir le priacal. Déanfar na hathruithe ar an bpróiseas rátála, agus ar chritéir nó ar pharaiméadair rátála aonair a dhoiciméadú agus a choinneáil;

(f) rannpháirtíocht ghníomhach i ndearadh nó roghnú, i gcur chun feidhme agus I mbailíochtú na samhlacha a úsáidtear sa phróiseas rátála;

(g) formhaoirseacht agus maoirseacht ar shamhlacha a úsáidtear sa phróiseas rátála;

(h) athbhreithniú leanúnach agus athruithe ar shamhlacha a úsáidtear sa phróiseas rátála.

3. Féadfaidh institiúidí a úsáideann sonraí comhthiomsaithe i gcomhréir le hAirteagal 179(2) na cúraimí seo a leanas a sheachfhoinsiú:

(a) faisnéis a tháirgeadh atá ábhartha maidir le gráid agus comhthiomsuithe a thástáil agus faireachán a dhéanamh orthu;

(b) tuairiscí achoimre a tháirgeadh ó chórais rátála na hinstitiúide;

(c) faisnéis a tháirgeadh atá ábhartha maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na critéir rátála chun a mheas an bhfuil siad fós réamhfháistineach maidir le priacal;

(d) athruithe ar an bpróiseas rátála, ar chritéir nó ar pharaiméadair rátála aonair a dhoiciméadú;

(e) faisnéis a tháirgeadh atá ábhartha don athbhreithniú leanúnach ar shamhlacha a úsáidtear sa phróiseas rátála agus do na hathruithe orthu.

4. Áiritheoidh institiúidí a bhainfidh úsáid as mír 3 go bhfuil rochtain ag na húdaráis inniúla ar an bhfaisnéis iomchuí go léir ón tríú páirtí atá riachtanach chun scrúdú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas, agus go bhféadfaidh na húdaráis inniúla scrúduithe ar an láthair a dhéanamh a mhéid chéanna a dhéantar laistigh den institiúid.

▼B

*Airteagal 191*

**Iniúchadh Inmheánach**

Déanfaidh an t-aonad iniúchta inmheánaigh nó aonad iniúchta neamhspleách inchomparáide eile athbhreithniú bliantúil ar a laghad ar chórais rátála na hinstitiúide agus ar a Cuid oibríochtaí, lena n-áirítear oibríochtaí na feidhme creidmheasa agus an meastachán ar PDanna, LGDanna, ELanna agus ar fhachtóirí coinbhéartachta. Áireofar sna réimsí athbhreithnithe comhlíonadh na ceanglais go léir is infheidhme.

*CAIBIDIL 4*

***Maolú priacal creidmheasa***

Roinn 1

**Sainmhínithe agus ceanglais ghinearálta**

*Airteagal 192*

**Sainmhínithe**

Chun críocha na Coda seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'institiúid iasachtaí' an institiúid ag a bhfuil an risíocht i gceist;

(2) Ciallaíonn 'idirbheart iasachta urraithe' aon idirbheart as a dtagann risíocht atá urraithe ag comhthaobhacht nach bhfuil foráil ann lena mbronntar ar an institiúid an ceart chun corrlach a fháil ar a laghad gach lá;

(3) Ciallaíonn 'idirbheart caipitil atá faoi thionchar an mhargaidh' aon idirbheart as a dtagann risíocht atá urraithe ag comhthaobhacht nach bhfuil foráil ann lena mbronntar ar an institiúid an ceart chun corrlach a fháil ar a laghad gach lá;

(4) Ciallaíonn 'GC bunúsach' GC a bhfuil infheistíocht déanta ag GC eile ina scaireanna nó a aonaid.

*Airteagal 193*

**Prionsabail maidir le héifeacht teicnící maolaithe priacal creidmheasa a aithint**

1. Maidir le haon risíocht a bhfaigheann institiúid maolú ar an bpriacal creidmheasa ina leith, ní bheidh méid na risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal nó méid an chaillteanais ionchasaigh a bhaineann leis an risíocht níos airde ná risíocht atá comhionann i ngach slí eile ach nach bhfuil maolú priacal creidmheasa ag institiúid ina leith.

2. I gcás ina bhfuil cosaint creidmheasa faoi Chaibidil 2 nó faoi Chaibidil 3, de réir mar is infheidhme, curtha san áireamh cheana maidir leis an méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal, ní chuirfidh na hinstitiúidí an chosaint creidmheasa sin san áireamh sna ríomhanna faoin gCaibidil seo.

3. I gcás ina gcomhlíontar na forálacha atá i Roinn 2 agus Roinn 3, féadfaidh institiúidí ríomh na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a leasú faoin gCur Chuige Caighdeánaithe agus féadfaidh siad ríomh na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh a mhodhnú faoin gCur Chuige IRB i gcomhréir le forálacha Ranna 4, 5, agus 6.

▼B

4. Láimhseálfaidh institiúidí mar chomhthaobhacht aon airgead tirim, urrúis nó tráchtearraí a cheannaítear, a fhaightear ar iasacht nó a fhaightear in idirbheart athcheannaigh nó in idirbherart maidir le hurrúis nó tráchtearraí a iasachtú nó a fháil ar iasacht.

5. I gcás ina bhfuil níos mó ná cineál amháin maolaithe priacal creidmheasa lena gcumhdaítear risíocht amháin ag institiúid a bhfuil méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal á ríomh aici faoin gCur Chuige Caighdeánaithe, déanfaidh sí an dá ní seo a leanas:

(a) an risíocht a fhoroinnt sna codanna atá cumhdaithe ag gach aon chineál uirlise maolaithe priacal creidmheasa;

(b) an méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh maidir le gach cuid a fhaightear i bpointe (a) ar leithligh i gcomhréir le forálacha Chaibidil 2 agus na Caibidle seo.

6. Maidir le hinstitiúid a bhfuil méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal á ríomh aici faoin gCur Chuige Caighdeánaithe, i gcás ina gcumhdaíonn sí risíocht amháin le cosaint creidmheasa arna soláthar ag soláthraí na cosanta amháin agus ina bhfuil aibíochtaí éagsúla ag an gcosaint sin, déanfaidh sí an dá ní seo a leanas:

(a) an risíocht a fhoroinnt sna codanna atá cumhdaithe ag gach aon chineál uirlise maolaithe priacal creidmheasa;

(b) an méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh maidir le gach cuid a fhaightear i bpointe (a) ar leithligh i gcomhréir le forálacha Chaibidil 2 agus na Caibidle seo.

*Airteagal 194*

**Prionsabail lena rialaítear incháilitheacht teicnící maolaithe priacal creidmheasa**

1. An teicníc a úsáidfidh an institiúid iasachta chun cosaint creidmheasa a chur ar fáil, mar aon leis na gníomhaíochtaí agus na bearta a dhéanfaidh an institiúid iasachtaí sin agus na nósanna imeachta agus na beartais a chuirfidh sí chun feidhme, beidh siad de shaghas go mbeidh socruithe cosanta creidmheasa mar thoradh orthu a bheidh éifeachtach agus inchurtha i bhfeidhm le dlí i ngach dlínse iomchuí.

An leagan is déanaí den tuairim nó de na tuairimí dlíthiúla réasúnaithe neamhspleácha i scríbhinn a d'úsáid an institiúid lena cruthú cibé an gcomhlíontar an coinníoll a leagtar síos sa chéad fhomhír lena socrú nó a socruithe cosanta creidmheasa nó nach gcomhlíontar an coinníoll sin, déanfaidh an institiúid iasachta é a chur ar fáil, arna iarraidh sin don údarás inniúil.

2. Déanfaidh an institiúid iasachtaí gach céim is iomchuí chun éifeachtacht an tsocraithe cosanta creidmheasa a áirithiú agus chun aghaidh a thabhairt ar na priacail a bhaineann leis an socrú sin.

3. Ní fhéadfaidh institiúidí cosaint creidmheasa cistithe a aithint agus éifeacht an mhaolaithe ar phriacal creidmheasa á ríomh ach amháin i gcás ina mbeidh an dá choinníoll seo a leanas á gcomhlíonadh ag na sócmhainní a bhfuiltear ag brath orthu chun cosanta:

▼B

(a) tá siad san áireamh i liosta na sócmhainní incháilithe atá leagtha amach in Airteagail 197 go 200, de réir mar is infheidhme;

(b) tá siad sách leachtach agus tá a luach thar thréimhse ama sách seasmhach le cinnteacht a thabhairt maidir leis an gcosaint creidmheasa atá bainte amach, ag féachaint don chur chuige a úsáideadh chun méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh agus ag féachaint don mhéid aitheanta atá ceadaithe.

4. Ní fhéadfaidh institiúidí cosaint creidmheasa cistithe a aithint agus éifeacht an mhaolaithe ar phriacal creidmheasa á ríomh ach amháin i gcás ina mbeidh sé de cheart ag an institiúid iasachtaí na sócmhainní óna ndíorthaítear an chosaint a leachtú nó a choinneáil, ar shlí thráthúil, i gcás mhainneachtain, dhócmhainneacht nó fhéimheacht — nó teagmhas creidmheasa eile arna leagan amach i ndoiciméadacht an idirbhirt — an oibleagáideora, agus, más infheidhme, an choimeádaí a bhfuil an chomhthaobhacht aige. Ní bheidh méid an chomhghaoil idir luach na sócmhainní a mbraitear orthu i gcomhair cosanta agus caighdeán creidmheasa an oibleagáideora ró-ard.

5. I gcás cosanta neamhchistithe creidmheasa, ní cháileoidh soláthraí cosanta mar sholáthraí cosanta incháilithe ach amháin i gcás ina mbeidh sé san áireamh i liosta na soláthraithe cosanta incháilithe a leagtar amach in Airteagal 201 nó in Airteagal 202, de réir mar is infheidhme.

6. I gcás cosanta neamhchistithe creidmheasa, cáileoidh comhaontú cosanta mar chomhaontú cosanta incháilithe sa chás ina gcomhlíonfar an dá choinníoll seo a leanas, agus sa chás sin amháin:

(a) tá sé san áireamh i liosta na gcomhaontuithe cosanta incháilithe atá leagtha amach in Airteagal 203 agus in Airteagal 204(1);

(b) tá sé éifeachtach agus inchurtha i bhfeidhm ó thaobh dlí de sna dlínsí dlíthiúla, ionas gur féidir cinnteacht iomchuí a chur ar fáil maidir leis an gcosaint creidmheasa atá baint amach, ag féachaint don chur chuige a úsáidtear chun méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh agus ag féachaint don mhéid aitheanta atá ceadaithe.

(c) comhlíonann soláthraí na cosanta na critéir a leagtar síos i mír 5.

7. Comhlíonfaidh cosaint creidmheasa na ceanglais atá leagtha amach i Roinn 3, de réir mar is infheidhme.

8. Beidh an institiúid ábalta a léiriú do na húdaráis inniúla go bhfuil próisis leordhóthanacha bainistithe priacal aici chun na priacail a rialú a bhféadfadh sí a bheith ar ris orthu mar thoradh ar chleachtais maolaithe priacal creidmheasa a chur i gcrích.

9. D'ainneoin go gcuirtear maolú priacal creidmheasa san áireamh d'fhonn méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh agus, nuair is infheidhme, méideanna an chaillteanais ionchasaigh a ríomh, leanfaidh institiúidí orthu de bheith ag tabhairt faoi mheasúnú priacal creidmheasa ar an risíocht fholuiteach iomlán agus beidh siad in ann comhlíonadh an cheanglais sin a léiriú do na húdaráis inniúla. I gcás idirbheart athcheannaigh agus idirbheart maidir le hurrúis nó tráchtearraí a iasachtú nó a fháil ar iasacht, measfar gurb ionann an risíocht fholuiteach, chun críocha na míre seo amháin, agus glanmhéid na risíochta.

▼B

10. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na nithe seo a leanas a shonrú cad is sócmhainní atá sách leachtach ann agus cathain is féidir a mheas go bhfuil luachanna sócmhainne sách cobhsaí chun críche mhír 3.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meán Fómhair 2014.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

## Roinn 2

## Foirmeacha incháilithe maolaithe priacal creidmheasa

### Foroinn 1

### Cosaint cistithe creidmheasa

#### *Airteagal 195*

#### Glanluacháil laistigh den chlár comhardaithe

Féadfaidh institiúid úsáid a bhaint as glanluacháil laistigh den chlár comhardaithe ar éilimh fhrithpháirteacha idir í féin agus a contrapháirtí mar fhoirm incháilithe maolaithe priacal creidmheasa.

Gan dochar d'Airteagal 196, tá incháilitheacht teoranta d'iarmhéideanna airgid cómhalartacha idir an institiúid agus an contrapháirtí. Féadfaidh institiúidí méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a leasú agus, nuair is iomchuí, méideanna an chaillteanais ionchasaigh a mhodhnú le haghaidh iasachtaí agus taiscí a fuair siad féin agus atá faoi réir comhaontú glanluachála laistigh den chlár comhardaithe, agus chun na críche sin amháin.

#### *Airteagal 196*

#### Máistir-chomhaontuithe glanluachála lena gcumhdaítear idirbhearta athcheannaigh nó idirbhearta maidir le hurrúis nó tráchtearraí a iasachtú nó a fháil ar iasacht nó idirbhearta caipitil eile atá faoi thionchar an mhargaidh.

Institiúidí a ghlacann an Modh Cuimsitheach Comhthaobhach Airgeadais atá leagtha amach in Airteagal 223, féadfaidh siad a chur san áireamh éifeachtaí conarthaí déthaobhacha glanluachála lena gcumhdaítear idirbhearta athcheannaigh, idirbhearta maidir le hurrúis nó tráchtearraí a iasachtú nó a fháil ar iasacht, nó idirbhearta caipitil eile atá faoi thionchar an mhargaidh, le contrapháirtí. Gan dochar d'Airteagal 299, an chomhthaobhacht a ghlacfar agus na hurrúis nó na tráchtearraí a gheofar ar iasacht laistigh de chomhaontuithe nó d'idirbhearta den sórt sin, comhlíonfaidh siad na ceanglais incháilitheachta maidir le comhthaobhacht atá leagtha amach in Airteagal 197 agus Airteagal 198.

#### *Airteagal 197*

#### Incháilitheacht na comhthaobhachta faoi gach cineál cur chuige agus gach modh

1. Féadfaidh institiúidí na nithe seo a leanas a úsáid mar chomhthaobhacht incháilithe faoi gach cineál cur chuige agus gach modh:

▼B

(a) airgead i dtaisce leis an institiúid iasachtaí, nó ionstraimí comhshamhlaithe airgid arna sealbhú aici;

(b) urrúis fiachais arna n-eisiúint ag rialtais láir nó ag bainc cheannais, a bhfuil measúnú creidmheasa ina leith ag IMCS nó ag gníomhaireacht chreidmheasa onnmhairiúcháin a aithnítear a bheith incháilithe chun críocha Chaibidil 2, a bhfuil sé deimhnithe ag ÚBE go mbaineann sé le céim 4 den cháilíocht chreidmheasa nó le céim níos airde, de réir na rialacha ualaithe priacal maidir leis na risíochtaí ar rialtais láir agus ar bhainc cheannais faoi Chaibidil 2;

▼M9

(c) urrúis fiachais arna n-eisiúint ag institiúidí nó ag gnólachtaí infheistíochta, ar urrúis iad ag a bhfuil measúnú creidmheasa ó IMCS a dheimhnigh ÚBE a bheith bainteach le céim 3 den cháilíocht chreidmheasa nó le céim níos airde, de réir na rialacha ualaithe priacail maidir le risíochtaí ar institiúidí faoi Chaibidil 2;

▼B

(d) urrúis fiachais arna n-eisiúint ag eintitis eile, a bhfuil measúnú creidmheasa ina leith ag IMCS a bhfuil sé deimhnithe ag ÚBE go mbaineann sé le céim 3 den cháilíocht chreidmheasa nó le céim níos airde, de réir na rialacha ualaithe priacal maidir leis na risíochtaí ar chorparáidí faoi Chaibidil 2;

(e) urrúis fiachais a bhfuil measúnú creidmheasa gearrthéarmach ina leith ag IMCS a bhfuil sé deimhnithe ag ÚBE go mbaineann sé le céim 3 den cháilíocht chreidmheasa nó le céim níos airde, de réir na rialacha ualaithe priacal maidir le risíochtaí gearrthéarmacha faoi Chaibidil 2;

(f) cothromas nó na bannaí in-chomhshóite a áirítear i bpríomhinnéacs;

(g) ór;

▼M5

(h) suíomhanna urrúsúcháin nach suíomhanna ath-urrúsúcháin iad agus atá faoi réir ualú priacail 100 % nó níos lú i gcomhréir le hAirteagal 261 go go hAirteagal 264.

▼B

2. Chun críocha phointe (b) de mhír 1, áireofar in 'urrúis fiachais arna n-eisiúint ag rialtais láir nó ag bainc cheannais' iad seo ar fad a leanas:

(a) urrúis fiachais arna n-eisiúint ag rialtais réigiúnacha nó ag údaráis áitiúla, a láimhseáiltear risíochtaí orthu mar risíochtaí ar an rialtas láir a bhfuil siad bunaithe ina dhlínse, faoi Airteagal 115(2);

(b) urrúis fiachais arna n-eisiúint ag eintitis earnála poiblí a láimhseáiltear mar risíochtaí ar rialtais láir i gcomhréir le hAirteagal 116(4);

(c) urrúis fiachais arna n-eisiúint ag bainc forbartha iltaobhacha a sanntar ualú priacal 0 % dóibh faoi Airteagal 117(2);

(d) urrúis fiachais arna n-eisiúint ag eagraíochtaí idirnáisiúnta a sanntar ualú priacal 0 % dóibh faoi Airteagal 118.

▼B

3. Chun críocha phointe (c) de mhír 1, áireofar in 'urrúis fiachais arna n-eisiúint ag institiúidí' iad seo ar fad a leanas:

(a) urrúis fiachais arna n-eisiúint ag rialtais réigiúnacha nó ag údaráis áitiúla seachas na hurrúis fiachais sin dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 2;

(b) urrúis fiachais arna n-eisiúint ag eintitis earnála poiblí, a láimhseáiltear risíochtaí orthu de réir Airteagal 116(1) agus (2);

(c) urrúis fiachais arna n-eisiúint ag bainc forbartha iltaobhacha seachas iad sin a sanntar ualú priacal 0 % dóibh faoi Airteagal 117(2);

▼M9

4. Urrúis fiachais a eisíonn institiúidí eile agus nach bhfuil measúnú creidmheasa ina leith ag IMCS, féadfaidh institiúid iad a úsáid mar chomhthaobhacht incháilithe i gcás ina gcomhlíonfaidh na hurrúis fiachais sin na critéir seo a leanas ar fad:

▼B

(a) tá siad liostaithe ar mhalartán aitheanta;

(b) cáilíonn siad mar fhiachas sinsearach;

(c) maidir leis na heisiúintí rátáilte ón institiúid eisithe a mbaineann an tsinsearacht chéanna leo, tá measúnú creidmheasa ina leith ag IMCS a bhfuil sé cinnte ag ÚBE go mbaineann sé le céim 3 den cháilíocht chreidmheasa nó le céim níos airde de réir na rialacha ualaithe priacal maidir le risíochtaí ar institiúidí nó risíochtaí gearrthéarmacha faoi Chaibidil 2;

(d) níl aon fhaisnéis ag an institiúid iasachtaí a thabharfadh le fios go mbeadh údar le measúnú creidmheasa a bheadh níos ísle ná an ceann a shonraítear i bpointe (c);

(e) is leor leachtacht mhargaidh na hionstraime chun na críocha sin.

5. Féadfaidh institiúidí aonaid nó scaireanna in GCanna a úsáid mar chomhthaobhacht incháilithe i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas go léir:

(a) tá praghas luaite poiblí laethúil ag na haonaid nó ag na scaireanna;

▼C2

(b) tá na GCanna teoranta d'infheistiú in ionstraimí atá incháilithe d'aitheantas faoi mhír 1 agus mhír 4;

▼B

(c) comhlíonann na GCanna na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 132(3).

I gcás ina n-infheistíonn GC i scaireanna nó in aonaid GC eile, beidh na coinníollacha atá leagtha síos i bpointí (a) go (c) den chéad fhomhír i bhfeidhm go cothrom maidir le haon GC bunúsach den sórt sin.

I gcás ina n-úsáideann GC ionstraimí díorthaigh chun infheistíochtaí ceadaithe a fhálú, ní choiscfear aonad ná scaireanna sa ghnóthas sin a bheith incháilithe mar chomhthaobhacht dá bharr sin.

▼B

6. Chun críocha mhír 5, i gcás nach bhfuil GC ('an GC bunaidh') nó aon cheann dá GCanna foluiteacha teoranta d'infheistiú in ionstraimí atá incháilithe faoi mhír 1 agus mhír 4, féadfaidh institiúidí aonaid nó scaireanna sa GC sin a úsáid mar chomhthaobhacht go dtí méid atá cothrom le luach na sócmhainní incháilithe arna sealbhú ag an GC sin, á ghlacadh leis gur infheistigh an GC nó aon cheann dá GCanna foluiteacha i sócmhainní neamh-incháilithe go dtí an t-uasmhéid a cheadaítear faoina gcuid sainorduithe féin.;

I gcás ina bhfuil GCanna foluiteacha dá chuid féin aige ag aon GC bunúsach, féadfaidh institiúidí aonaid nó scaireanna sa GC bunaidh a úsáid mar chomhthaobhacht incháilithe ar an gcoinníoll go ndéanfaidh siad an mhodheolaíocht a leagtar síos sa chéad fhomhír a chur i bhfeidhm.

I gcás ina bhféadfadh luach diúltach a bheith ag sócmhainní neamh-incháilithe mar gheall ar dhliteanais nó ar dhliteanais theagmhasacha a thig ó úinéireacht, déanfaidh institiúidí an dá ní seo a leanas:

(a) ríomhfaidh siad luach iomlán na sócmhainní neamh-incháilithe;

(b) i gcás ina bhfuil an méid a gheofar faoi phointe (a) diúltach, dealóidh siad luach absalóideach an mhéid sin ó luach iomlán na sócmhainní incháilithe.

7. Maidir le pointí (b) go (e) de mhír 1, i gcás ina bhfuil dhá mheasúnú creidmheasa ag urrús ó IMCSanna, cuirfidh institiúidí an measúnú is lú fabhar i bhfeidhm. I gcás ina bhfuil níos mó ná dhá mheasúnú creidmheasa ag urrús ó IMCSanna, cuirfidh institiúidí an dá mheasúnú is fabhraí i bhfeidhm. I gcás ina bhfuil an dá mheasúnú creidmheasa is fabhraí éagsúil, cuirfidh institiúidí an measúnú is lú fabhar i bhfeidhm.

8 Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme d'fhonn an méid seo a leanas a shonrú:

(a) na príomhinnéacsanna dá dtagraítear i bpointe (f) de mhír 1 den Airteagal seo, i bpointe (a) d'Airteagal 198(1), in Airteagal 224(1) agus (4), agus i bpointe (e) d'Airteagal 299(2);

(b) na malartuithe aitheanta dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 4 den Airteagal seo,i bpointe (a) d'Airteagal 198(1), in Airteagal 224(1) agus (4), i bpointe (e) d'Airteagal 299(2), i bpointe (k) d'Airteagal 400(2), i bpointe (e) d'Airteagal 416(3), i bpointe (c) d'Airteagal 428(1), agus i bpointe 12 d'Iarscríbhinn III i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i bpointe (72) d'Airteagal 4(1).

Cuirfidh ÚEUM na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2014.

Tugtar cumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

▼B

*Airteagal 198*

**Incháilitheacht bhreise na comhthaobhachta faoin Modh Cuimsitheach Comhthaobhach Airgeadais**

1. I dteannta na comhthaobhachta a bhunaítear in Airteagal 197, i gcás ina n-úsáideann institiúid an Modh Cuimsitheach Comhthaobhach Airgeadais atá leagtha amach in Airteagal 223, féadfaidh an institiúid sin na nithe seo a leanas a úsáid mar chomhthaobhacht incháilithe:

(a) cothromais nó bannaí in-chomhshóite nach n-áirítear i bpríomh-hinnéacs ach a thrádáiltear ar mhalartán aitheanta;

(b) aonaid nó scaireanna in GCanna i gcás ina gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:

(i) tá praghas luaite poiblí laethúil ag na haonaid nó ag na scaireanna;

(ii) tá an GC teoranta d'infheistiú in ionstraimí atá incháilithe d'aitheantas faoi Airteagal 197(1) agus (4) agus na hítimí a luaitear i bpointe (a) den fhomhír seo.

I gcás ina n-infheistíonn GC i scaireanna nó in aonaid GC eile, beidh na coinníollacha atá leagtha síos i bpointí (a) agus (b) den mhír seo i bhfeidhm go cothrom maidir le haon GC bunúsach den sórt sin.

I gcás ina n-úsáideann GC ionstraimí díorthaigh chun infheistíochtaí ceadaithe a fhálú, ní choiscfear incháilitheacht aonad ná scaireanna sa ghnóthas sin mar chomhthaobhacht dá bharr sin.

2. I gcás nach bhfuil GC ná aon cheann dá GCanna foluiteacha teoranta d'infheistiú in ionstraimí atá incháilithe i gcomhair aitheantais faoi Airteagal 197(1) agus (4) agus sna nithe a luaitear i bpointe (a) de mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh institiúidí aonaid nó scaireanna sa GC sin a úsáid mar chomhthaobhacht go dtí méid atá cothrom le luach na sócmhainní incháilithe arna sealbhú ag an GC sin, á ghlacadh leis gur infheistigh an GC nó aon cheann dá GCannafoluiteacha i sócmhainní neamh-incháilithe go dtí an t-uasmhéid a cheadaítear faoina gcuid sainorduithe faoi seach.

I gcás ina bhféadfadh luach diúltach a bheith ag sócmhainní neamh-incháilithe mar gheall ar dhliteanais nó ar dhliteanais theagmhasacha a thig ó úinéireacht, déanfaidh institiúidí an dá ní seo a leanas:

(a) ríomhfaidh siad luach iomlán na sócmhainní neamh-incháilithe;

(b) i gcás ina bhfuil an méid a gheofar faoi phointe (a) diúltach, dealóidh siad luach absalóideach an mhéid sin ó luach iomlán na sócmhainní incháilithe.

*Airteagal 199*

**Incháilitheacht bhreise do chomhthaobhacht faoin gCur Chuige IRB**

1. I dteannta na comhthaobhachta dá dtagraítear in Airteagail 197 agus 198, féadfaidh institiúidí a ríomhann méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh faoin gCur Chuige IRB na cineálacha comhthaobhachta seo a úsáid freisin:

▼B

(a) comhthaobhacht maoine dochorraithe i gcomhréir le mír 2, mír 3 agus mír 4;

(b) earraí infhaighte i gcomhréir le mír 5;

(c) comhthaobhacht fhisiceach eile i gcomhréir le míreanna 6 agus 8;

(d) léasú i gcomhréir le mír 7.

2. Mura sonrófar a mhalairt faoi Airteagal 124(2), féadfaidh institiúidí comhthaobhacht incháilithe a úsáid mar mhaoin chónaithe atá nó a bheidh á háitiú nó á ligean ar cíos ag an úinéir, nó ag an úinéir tairbhiúil i gcás cuideachtaí infheistíochta pearsanta, agus maoin dhochorraithe tráchtála, lena n-áirítear oifigí agus áitribh thráchtála eile, i gcás ina gcomhlíonfar an dá choinníoll seo a leanas:

(a) ní bhraitheann luach na maoine go hábhartha ar cháilíocht chreidmheasa an oibleagáideora. Féadfaidh institiúidí cásanna a fhágáil ar lár i gcás go mbíonn tionchar ag tosca atá go hiomlán maicreacnamaíoch ar luach na maoine agus ar fheidhmíocht an iasachtaí araon óna gcinneadh maidir le hábharthacht spleáchais den sórt sin;

(b) ní bhraitheann priacal an iasachtaí go hábhartha ar fheidhmíocht na maoine bunúsaí ná an tionscadail fholuitigh, ach ar chumas bunúsach an iasachtaí an fiachas a aisíoc ó fhoinsí eile, agus mar thoradh air sin, ní bheidh aisíocaíocht na saoráide ag brath go hábhartha ar aon sreabhadh airgid arna ghiniúint ag an maoin bhunúsach a fheidhmíonn mar chomhthaobhacht.

3. Féadfaidh institiúidí maolú ó phointe (b) de mhír 2 i gcás risíochtaí arna n-urrú le maoin chónaithe atá lonnaithe laistigh de chríoch Ballstáit, más rud é gur fhoilsigh údarás inniúil an Bhallstáit sin fianaise lena léirítear go bhfuil margadh maoine cónaithe dea-fhorbartha agus fadbhunaithe sa chríoch sin ag a bhfuil rátaí caillteanais nach sáraíonn aon cheann de na teorainneacha seo a leanas:

(a) ní mó ná 0,3 % de na hiasachtaí gan íoc arna gcomhthaobhú le maoin chónaithe in aon bhliain faoi leith na caillteanais atá ag teacht ó iasachtaí arna gcomhthaobhú le maoin chónaithe suas le 80 % den mhargadhluach nó 80 % den luach iasachta morgáiste, mura bhforáiltear a mhalairt faoi Airteagal 124(2).

(b) ní mó ná 0,5 % de na hiasachtaí gan íoc arna gcomhthaobhú le maoin chónaithe in aon bhliain faoi leith na caillteanais fhoriomlána atá ag teacht ó iasachtaí arna gcomhthaobhú le maoin chónaithe in aon bhliain faoi leith.

I gcás nach gcomhlíonfar ceachtar de na coinníollacha i bpointí (a) agus (b) den chéad fhomhír in aon bhliain faoi leith, ní úsáidfidh institiúidí an láimhseáil a leagtar amach san fhomhír sin go dtí go gcomhlíonfar an dá choinníoll i mbliain ina dhiaidh sin.

▼C2

4. Féadfaidh institiúidí maolú ó phointe (b) de mhír 2 i gcás maoine tráchtála dochorraithe atá lonnaithe laistigh de chríoch Ballstáit, más rud é gur fhoilsigh údarás inniúil an Bhallstáit sin fianaise lena léirítear go bhfuil margadh maoine tráchtála dochorraithe dea- fhorbartha agus fadbhunaithe sa chríoch sin ag a bhfuil rátaí caillteanais nach sáraítear aon cheann de na teorainneacha seo a leanas leo:

▼**C2**

(a) caillteanais atá ag teacht ó iasachtaí arna gcomhthaobhú le maoin thráchtála dhochorraithe suas le 50 % den mhargadhluach nó 60 % den luach iasachta morgáiste, ní mó iad ná 0,3 % de na hiasachtaí gan íoc arna gcomhthaobhú le maoin thráchtála dhochorraithe in aon bhliain faoi leith;

(b) caillteanais fhoriomlána atá ag teacht ó iasachtaí arna gcomhthaobhú le maoin thráchtála dhochorraithe, ní mó iad ná 0,5 % de na hiasachtaí gan íoc arna gcomhthaobhú le maoin thráchtála dhochorraithe in aon bhliain faoi leith.

▼**B**

I gcás nach gcomhlíonfar ceachtar de na coinníollacha i bpointí (a) agus (b) den chéad fhomhír in aon bhliain faoi leith, ní úsáidfidh institiúidí an láimhseáil a leagtar amach san fhomhír sin go dtí go gcomhlíonfar an dá choinníoll i mbliain ina dhiaidh sin.

5. Féadfaidh institiúidí earraí infhaighte a bhaineann le hidirbheart nó le hidirbhearta tráchtála ag a bhfuil aibíocht tosaigh níos lú ná bliain amháin nó cothrom le bliain amháin a úsáid mar mhéideanna comhthaobhachta incháilithe. Ní áirítear ar earraí infhaighte incháilithe na cinn a bhaineann le hurrúsuithe, le fo-rannpháirteachas, le díorthaigh chreidmheasa ná le méideanna atá dlite ó pháirtithe cleamhnaithe.

6. Tabharfaidh údaráis inniúla cead d'institiúid comhthaobhacht fhisiceach de chineál seachas na cinn atá léirithe i mír 2, mír 3 agus mír 4 a úsáid mar comhthaobhacht incháilithe i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha ar fad a leanas:

(a) tá margaí leachtacha ann, arna bhfianú ag idirbhearta minice, agus cineál na sócmhainne á chur san áireamh, chun comhthaobhacht a dhiúscairt ar mhodh atá gasta agus éifeachtúil ó thaobh an gheilleagair de. Déanfaidh institiúidí measúnú ar an gcoinníoll seo go tréimhsiúil agus i gcás inar léir ón fhaisnéis go bhfuil athruithe ábhartha sa mhargadh;

(b) tá praghsanna margaidh ann don chomhthaobhacht atá dea-bhunaithe agus ar fáil don phobal. Féadfaidh institiúidí a mheas gur praghsanna dea-bhunaithe iad praghsanna an mhargaidh i gcás ina dtagann siad as foinsí iontaofa faisnéise amhail innéacsanna poiblí agus gur léiriú iad ar phraghas na n-idirbheart faoi ghnáthdhálaí. Féadfaidh institiúidí a mheas gur praghsanna atá fáil don phobal iad praghsanna an mhargaidh, sa chás go nochtar praghsanna, go bhfuil rochtain éasca orthu, agus gur féidir iad a fháil go rialta agus gan aon ualach míchuí riaracháin nó airgeadais ag baint leo;

(c) déanann an institiúid anailís ar phraghsanna an mhargaidh, ar an am agus ar na costais a bhaineann leis an gcomhthaobhacht a réadú agus ar na fáltais réadaithe ón gcomhthaobhacht;

(d) léiríonn an institiúid nach bhfuil na fáltais réadaithe ón gcomhthaobhacht faoi 70 % de luach na comhthaobhachta i níos mo ná 10 % de na leachtuithe ar fad i gcás cineál áirithe comhthaobhachta. I gcás ina bhfuil luaineacht ábhartha i bpraghsanna an mhargaidh, léireoidh an institiúid chun sástachta na n-údarás inniúil go bhfuil a luacháil ar an gcomhthaobhacht sách coimeádach.

Doiciméadóidh an institiúid comhlíonadh na gcoinníollacha atá sonraithe i bpointí (a) go (d) sa chéad fhomhír agus na coinníollacha sin atá sonraithe in Airteagal 210.

▼B

7. Faoi réir fhorálacha Airteagal 230(2), i gcás ina gcomhlíonfar na ceanglais atá leagtha amach in Airteagal 211, féadfar risíochtaí a thagann as idirbhearta trína léasaíonn institiúid maoin le tríú páirtí a láimhseáil ar an tslí chéanna a láimhseáiltear iasachtaí atá comhthaobhaithe leis an gcineál maoine atá léasaithe.

8. Cuirfidh ÚBE liosta de na cineálacha comhthaobhachta fisicí ar fáil lena bhféadfaidh institiúidí glacadh leis go gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) de mhír 6 lena n-aghaidh.

*Airteagal 200*

**Cosaint chistithe creidmheasa eile**

Féadfaidh institiúidí an chosaint chistithe creidmheasa eile seo a leanas a úsáid mar chomhthaobhacht incháilithe:

(a) airgead i dtaisce le hinstitiúid tríú páirtí i socrú neamhchoinneála nó ionstraimí comhshamhlaithe airgid atá ina seilbh agus atá curtha i ngeall don institiúid iasachtaí;

(b) polasaithe árachas saoil atá curtha i ngeall don institiúid iasachtaí;

▼M9

(c) ionstraimí arna n-eisiúint ag institiúid tríú páirtí nó ag gnólacht infheistíochta a athcheannóidh an institiúid nó an gnólacht sin arna iarraidh sin.

▼B

Foroinn 2

**Cosaint neamhchistithe creidmheasa**

*Airteagal 201*

**Incháilitheacht sholáthraithe na cosanta faoi gach cur chuige**

1. Féadfaidh institiúidí na páirtithe seo a leanas a úsáid mar sholáthraithe incháilithe na cosanta neamhchistithe creidmheasa:

(a) rialtais láir agus bainc cheannais;

(b) rialtais réigiúnacha nó údaráis áitiúla;

(c) bainc forbartha iltaobhacha;

(d) risíochtaí ar eagraíochtaí idirnáisiúnta a sanntar ualú priacal 0 % dóibh faoi Airteagal 117;

(e) eintitis earnála poiblí a láimhseáiltear éilimh orthu i gcomhréir le hAirteagal 116;

(f) institiúidí, agus institiúidí airgeadais a ndéantar risíochtaí ar an institiúid airgeadais ina leith a láimhseáil mar risíochtaí ar institiúidí i gcomhréir le hAirteagal 119(5);

►C2 (g) eintitis chorparáideacha eile, lena n-áirítear máthairghnóthais, fochuideachtaí agus eintitis chorparáideacha chleamhnaithe na hinstitiúide, ◄ i gcás ina gcomhlíonfar ceachtar de na coinníollacha seo a leanas:

▼B

(i) tá measúnú creidmheasa ag na heintitis chorparáideacha eile sin ó IMCS;

(ii) i gcás institiúidí a ríomhann méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh de réir an Chuir Chuige IRB, níl measúnú creidmheasa ó IMCS aitheanta ag na heintitis chorparáideacha eile sin agus déanann an institiúid iad a rátáil go hinmheánach;

▼M8

(h) contrapháirtithe lárnacha cáilitheacha.

▼B

2. I gcás ina ríomhann institiúidí méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh de réir an Chuir Chuige IRB, le bheith incháilithe mar sholáthraí na cosanta neamhchistithe creidmheasa, déanfaidh an institiúid ráthóir a rátáil go hinmheánach i gcomhréir le forálacha Roinn 6 de Chaibidil 3.

Foilseoidh agus coinneoidh údaráis inniúla liosta de na hinstitiúidí airgeadais sin ar soláthraithe incháilithe na cosanta neamhchistithe creidmheasa iadi bpointe (f) de mhír 1, nó na treoirchritéir chun soláthraithe incháilithe na cosanta neamhchistithe creidmheasa den chineál sin a aithint, mar aon le cur síos ar na ceanglais stuamachta is infheidhme, agus roinnfidh siad a liosta le húdaráis inniúla eile i gcomhréir le hAirteagal 117 de Threoir 2013/36/AE.

*Airteagal 202*

**Incháilitheacht sholáthraithe na cosanta de réir an Chuir Chuige IBR a cháilíonn don láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 153(3)**

▼M9

Féadfaidh institiúid úsáid a bhaint as institiúidí, gnólachtaí infheistíochta, gnóthais árachais agus athárachais agus gníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin mar sholáthraithe incháilithe na cosanta neamhchistithe creidmheasa a cháilíonn don láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 153(3) i gcás ina gcomhlíonfaidh siad na coinníollacha seo uile a leanas:

▼B

(a) tá saineolas a ndóthain acu ar chosaint neamhchistithe creidmheasa a sholáthar;

(b) déantar iad a rialú ar mhodh atá coibhéiseach leis na rialacha a leagtar síos sa Rialachán seo, nó, bhí measúnú creidmheasa acu tráth a soláthraíodh an chosaint creidmheasa, ó IMCS aitheanta a bhfuil sé deimhnithe ag ÚBE go mbaineann sé le céim 3 den cháilíocht chreidmheasa nó le céim níos airde, de réir na rialacha ualaithe priacal maidir le risíochtaí ar chorparáidí a leagtar amach i gCaibidil 2;

(c) tráth a soláthraíodh an chosaint creidmheasa, nó ar feadh tréimhse ar bith ina dhiaidh sin, bhí rátáil inmheánach acu ag a raibh PD atá coibhéiseach leis an PD a bhaineann le céim 2 nó níos airde den cháilíocht chreidmheasa, nó atá níos ísle ná an PD sin, i gcomhréir leis na rialacha ualaithe priacal maidir le risíochtaí ar chorparáidí a leagtar amach i gCaibidil 2;

(d) tá rátáil inmheánach acu ag a bhfuil PD atá coibhéiseach leis an PD a bhaineann le céim 2 nó níos airde den cháilíocht chreidmheasa, nó atá níos ísle ná an PD sin, i gcomhréir le rialacha ualú priacal na risíochtaí ar chorparáidí mar a leagtar amach i gCaibidil 2.

▼B

Chun críche an Airteagail seo, ní rachaidh aon fhrithráthaíocht fhollasach ón rialtas láir chun tairbhe na cosanta creidmheasa arna soláthar ag gníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin.

*Airteagal 203*

**Incháilitheacht ráthaíochtaí mar chosaint neamhchistithe creidmheasa**

Féadfaidh institiúidí leas a bhaint as ráthaíochtaí mar chosaint neamhchistithe creidmheasa incháilithe.

Foroinn 3

**Cineálacha díorthach**

*Airteagal 204*

**Cineálacha díorthach creidmheasa incháilitheach**

1. Féadfaidh institiúidí na cineálacha seo a leanas de dhíorthaigh chreidmheasa, agus ionstraimí a a bheadh comhdhéanta de dhíorthaigh chreidmheasa den sórt sin nó de chinn a bhfuil éifeacht eacnamaíoch chomhchosúil acu, a úsáid mar chosaint creidmheasa incháilithe:

(a) babhtálacha mainneachtain chreidmheasa;

(b) babhtálacha an toraidh iomláin;

(c) nótaí creidmheas-nasctha, go feadh mhéid a cistithe airgid.

I gcás ina gceannaíonn institiúid cosaint creidmheasa trí bhabhtáil an toraidh iomláin agus ina ndéanann sí taifead ar na glaníocaíochtaí arna bhfáil ar an mbabhtáil mar ghlanioncam, ach nach ndéanann sí taifeadadh ar an meath fritháirimh i luach na sócmhainne atá cosanta faoi laghduithe i luach cothrom nó trí mhéid breise a bheith curtha le cúlchistí, ní cháilíonn an chosaint creidmheasa sin mar chosaint creidmheasa incháilithe.

2. I gcás ina ndéanann institiúid fálú inmheánach ag baint úsáide as díorthach creidmheasa, ionas go gcáileofar an chosaint creidmheasa mar chosaint creidmheasa incháilithe chun críche na Caibidle seo, déanfar an bpriacal creidmheasa a aistríodh chuig an leabhar trádála a aistriú chuig tríú páirtí nó páirtithe.

I gcás ina ndearnadh fálú inmheánach de réir na chéad fhomhíre agus inar comhlíonadh na ceanglais sa Chaibidil seo, cuirfidh institiúidí na rialacha a leagtar amach i Roinn 4 go 6 i bhfeidhm maidir le méideanna risíochta a ualaíteara ualaítear ó thaobh priacal agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh a ríomh i gcás ina bhfaigheann siad cosaint neamhchistithe creidmheasa.

▼B

Roinn 3

**Ceanglais**

Foroinn 1

**Cosaint cistithe creidmheasa**

*Airteagal 205*

**Ceanglais maidir le comhaontuithe glanluachála laistigh den chlár chomhardaithe dá dtagraítear in Airteagal 206 seachas máistir-chomhaontuithe glanluachála**

Cáileoidh comhaontuithe glanluachála laistigh den chlár chomhardaithe, seachas máistir-chomhaontuithe glanluachála dá dtagraítear in Airteagal 206, mar fhoirm incháilithe de mhaolú priacal creidmheasa i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas ar fad:

(a) tá éifeacht dlí ag na comhaontuithe sin agus tá siad inchurtha i bhfeidhm ó thaobh dlí, i ngach dlínse ábhartha, lena n-áirítear i gcás dócmhainneachta nó féimheachta contrapháirtí;

(b) is féidir le hinstitiúidí na sócmhainní nó na dliteanais atá faoi réir na gcomhaontuithe sin a chinneadh aon tráth;

(c) déanann institiúidí faireachán ar na priacail a bhaineann le foirceannadh na cosanta creidmheasa agus rialaíonn siad iad ar bhonn leanúnach;

(d) déanann institiúidí faireachán ar na risíochtaí ábhartha agus rialaíonn siad iad ar bhonn glanluachála agus ar bhonn leanúnach.

*Airteagal 206*

**Ceanglais maidir le máistir-chomhaontuithe glanluachála lena gcumhdaítear idirbhearta athcheannaigh nó idirbhearta maidir le hurrúis nó tráchtearraí a iasachtú nó a fháil ar iasacht nó idirbhearta caipitil eile atá faoi thionchar an mhargaidh**

Máistir-chomhaontuithe glanluachála lena gcumhdaítear idirbhearta athcheannaigh, idirbhearta maidir le hurrúis nó tráchtearraí a iasachtú nó a fháil ar iasacht nó idirbhearta caipitil eile atá faoi thionchar an mhargaidh, cáileoidh siad mar fhoirm incháilithe de mhaolú priacal creidmheasa i gcás ina gcomhlíonfaidh an chomhthaobhacht a bheidh curtha ar fáil faoi na comhaontuithe sin na ceanglais uile a leagtar síos in Airteagal 207(2) go (4) agus i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas ar fad:

(a) tá éifeacht dlí ag na comhaontuithe sin agus tá siad inchurtha i bhfeidhm ó thaobh dlí, i ngach dlínse ábhartha, lena n-áirítear i gcás dócmhainneachta nó féimheachta contrapháirtí;

(b) tugtar an ceart iontu don pháirtí neamh-mhainneachtana gach idirbheart a fhoirceannadh nó a dhúnadh go tráthúil faoin gcomhaontú i gcás mainneachtana, lena n-áirítear i gcás féimheachta nó dócmhainneachta contrapháirtí;

(c) déantar foráil leo maidir le gnóthachain agus caillteanais a ghlanluacháil ar idirbhearta a dúnadh faoi chomhaontú sa chaoi is go mbeidh aon ghlanluach amháin ag páirtí amháin ar an bpáirtí eile.

▼B

*Airteagal 207*

**Ceanglais maidir le comhthaobhacht airgeadais**

1. Faoi na cineálacha cur chuige agus modhanna uile, cáileoidh comhthaobhacht airgeadais agus óir mar chomhthaobhacht incháilithe i gcás ina gcomhlíonfar na ceanglais uile a leagtar síos i míreanna 2 go 4.

2. Ní bheidh comhghaol deimhneach ábhartha idir cáilíocht chreidmheasa an oibleagáideora agus luach na comhthaobhachta. I gcás ina dtiocfaidh laghdú suntasach ar luach na comhthaobhachta, ní mar thoradh air sin amháin a thiocfadh meathlú suntasach ar chaighdeán creidmheasa an oibleagáideora. I gcás ina n-éireoidh caighdeán creidmheasa an oibleagáideora criticiúil, ní mar thoradh air sin amháin a thiocfadh laghdú suntasach ar luach na comhthaobhachta.

Ní cháileofar urrúis arna n-eisiúint ag an oibleagáideoir, ná ag aon eintiteas grúpa gaolmhar, mar chomhthaobhacht incháilithe. D'ainneoin sin, cáilítear eisiúintí an oibleagáideora féin de bhannaí faoi chumhdach a thagann faoi chuimsiú théarmaí Airteagal 129 mar chomhthaobhacht incháilithe nuair a bhreactar iad mar chomhthaobhacht le haghaidh idirbhirt athcheannaigh, ar an gcoinníoll go gcomhlíonfaidh siad an coinníoll a leagtar amach sa chéad fhomhír.

3. Comhlíonfaidh institiúidí aon cheanglais chonarthacha nó reachtúla i ndáil le hin-fhorfheidhmitheacht na socruithe comhthaobhachta faoin dlí is infheidhme maidir lena leas sa chomhthaobhacht, agus déanfaidh siad na bearta is gá d'fhonn é sin a áirithiú.

Beidh athbhreithniú dlíthiúil leordhóthanach déanta ag institiúidí lena ndearbhaítear in-fhorfheidhmitheacht na socruithe comhthaobhachta i ngach dlínse iomchuí. Déanfaidh siad athbhreithnithe den chineál sin arís de réir mar is gá d'fhonn in-fhorfheidhmitheacht leanúnach a áirithiú.

4. Comhlíonfaidh institiúidí na ceanglais oibriúcháin uile a leanas:

(a) déanfaidh siad na socruithe comhthaobhachta a dhoiciméadú mar is cuí agus beidh nósanna imeachta soiléire agus stóinsithe i bhfeidhm acu le haghaidh leachtú tráthúil na comhthaobhachta;

(b) úsáidfidh siad nósanna imeachta agus próisis stóinsithe chun rialú a dhéanamh ar priacail a thagann as úsáid comhthaobhachta, lena n-áirítear priacail cosanta creidmheasa teipthe nó laghdaithe, priacail measúnaithe, priacail a bhaineann le foirceannadh na cosanta creidmheasa, priacal comhchruinnithe a thagann as úsáid comhthaobhachta agus as an idirghníomhaíocht le próifíl priacal fhoriomlán na hinstitiúide;

(c) beidh beartais agus próisis dhoiciméadaithe i bhfeidhm acu a bhaineann le cineálacha agus méideanna na comhthaobhachta a nglactar leo;

(d) ríomhfaidh siad margadhluach na comhthaobhachta, agus déanfaidh siad é a athluacháil dá réir sin, uair amháin gach sé mhí ar a laghad agus aon am a mbeidh cúis acu le creidiúint go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar mhargadhuach na comhthaobhachta;

(e) i gcás in bhfuil an chomhthaobhacht i seilbh tríú páirtí, déanfaidh siad bearta réasúnta lena áirithiú go leithscarfaidh an tríú páirtí an chomhthaobhacht óna sócmhainní féin;

▼B

(f) áiritheoidh siad go ndíreoidh siad acmhainní leordhóthanacha ar fheidhmiú ordúil na gcomhaontuithe corrlaigh le díorthaigh thar an gcuntar agus contrapháirtithe um maoiniú urrús, mar a thomhaistear é le tráthúlacht agus beachtas a nglaonna corrlaigh amach agus leis an aga freagartha ar ghlaonna corrlaigh isteach;

(g) beidh beartais bhainistíochta i leith comhthaobhachta i bhfeidhm acu d'fhonn faireachán a dhéanamh ar an méid seo a leanas agus chun é a rialú agus a thuairisciú:

(i) na priacail ar a mbíonn siad risíochta de thoradh na gcomhaontuithe corrlaigh;

(ii) an priacal comhchruinnithe do chineálacha éagsúla de shócmhainní comhthaobhachta;

(iii) athúsáid na comhthaobhachta lena n-áirítear na heasnaimh leachtachta a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh ar athúsáid na comhthaobhachta a fhaightear ó chontrapháirtithe;

(iv) géilleadh na gceart maidir le comhthaobhacht breactha go dtí contrapháirtithe.

5. Chomh maith leis na ceanglais uile a leagtar amach i mír 2 go mír 4 a chomhlíonadh, chun go gcáileofar comhthaobhacht airgeadais mar chomhthaobhacht incháilithe faoin Modh Simplí Comhthabhach Airgeadais beidh aibíocht iarmhair na cosanta ar a laghad chomh fada le haibíocht iarmhair na risíochta.

*Airteagal 208*

**Ceanglais maidir le comhthaobhacht maoine dochorraithe**

1. Cáileofar maoin mar chomhthaobhacht incháilithe i gcás ina gcomhlíonfar na ceanglais uile a leagtar síos i mír 2 go mír 5 agus sa chás sin amháin.

2. Comhlíonfar na ceanglais seo a leanas maidir le deimhneacht dhlíthiúil:

(a) beidh morgáiste nó muirear inchurtha i bhfeidhm i ngach dlínse a bheidh iomchuí an tráth a chuirfear an comhaontú creidmheasa i gcrích agus déanfar é a chomhdú mar is cuí ar bhonn tráthúil;

(b) comhlíonadh gach ceanglas dlíthiúil maidir leis an ngealltán a bhunú;

(c) fágann an comhaontú cosanta agus an próiseas dlíthiúil is bonn leis go bhfuil sé ar chumas na hinstitiúide luach na cosanta a réadú laistigh de fhráma ama réasúnta.

3. Comhlíonfar na ceanglais seo a leanas maidir le faireachán a dhéanamh ar luachanna maoine agus ar luacháil maoine:

►C2 (a) déanfaidh institiúidí faireachán ar luach na maoine go minic agus uair amháin sa bhliain ar a laghad i gcás maoine tráchtála dochorraithe agus uair amháin gach trí bliana i gcás maoine cónaithe. ◄ Déanfaidh institiúidí faireachán níos minice i gcás ina dtagann athruithe móra ar dhálaí an mhargaidh;

▼B

(b) déanfar athbhreithniú ar an luacháil maoine nuair is léir ón bhfaisnéis atá ar fáil d'institiúidí go bhféadfadh sé gur tháinig laghdú ábhartha ar luach na maoine i gcoibhneas le praghsanna ginearálta an mhargaidh agus déanfaidh luachálaí ag a bhfuil na cáilíochtaí, an taithí agus an cumas cuí chun luacháil a chur i gcrích agus atá neamhspleách ón bpróiseas cinnteoireachta creidmheasa an t-athbhreithniú sin. I gcás iasachtaí os cionn EUR 3 mhilliún nó 5 % de chistí dílse na hinstitiúide, déanfaidh luachálaí den sórt sin athbhreithniú ar luacháil na maoine gach trí bliana ar a laghad.

▼C2

Féadfaidh institiúidí modhanna staitistiúla a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar luach na maoine dochorraithe agus chun maoin dhochorraithe a shainaithint ar gá athluacháil a dhéanamh uirthi.

4. Déanfaidh institiúidí cineálacha na maoine cónaithe agus na maoine tráchtála dochorraithe a nglacann siad leo agus a mbeartais iasachtaithe i dtaca leis sin a dhoiciméadú go soiléir.

5. Beidh nósanna imeachta i bhfeidhm ag institiúidí chun fíorú go bhfuil an mhaoin dhochorraithe a bheidh glactha mar chosaint creidmheasa árachaithe a dóthain i gcoinne priacal damáiste.

▼B

*Airteagal 209*

**Ceanglais maidir le hearraí infhaighte**

1. Cáileofar earraí infhaighte mar chomhthaobhacht incháilithe i gcás ina gcomhlíonfar na ceanglais ar fad a leagtar síos i míreanna 2 go 3.

2. Comhlíonfar na ceanglais seo a leanas maidir le deimhneacht dhlíthiúil:

(a) beidh an sásra dlíthiúil lena soláthrófar an chomhthaobhacht d'institiúid iasachtaí stóinsithe agus éifeachtach agus áiritheoidh sí go mbeidh cearta soiléire ag an institiúid ar an gcomhthaobhacht lena n-áirítear an ceart ar na fáltais tar éis an chomhthaobhacht a dhíol;

(b) déanfaidh institiúidí gach beart is gá chun riachtanais áitiúla a chomhlíonadh maidir le hin-fhorfheidhmitheacht leas urrúis. Beidh éileamh chéadtosaíochta ag institiúidí iasachtaí ar an gcomhthaobhacht cé go bhféadfadh sé go mbeadh éilimh den sórt sin faoi réir éileamh na gcreidiúnaithe tosaíochta dá bhforáiltear i bhforálacha reachtaíochta;

(c) beidh athbhreithniú dlíthiúil leordhóthanach déanta ag institiúidí lena ndearbhaítear in-fhorfheidhmitheacht na socruithe comhthaobhachta i ngach dlínse iomchuí;

(d) déanfaidh siad a socruithe comhthaobhachta a dhoiciméadú mar is cuí agus beidh nósanna imeachta soiléire agus stóinsithe i bhfeidhm acu maidir le comhthaobhacht a bhailiú go tráthúil;

(e) beidh nósanna imeachta i bhfeidhm ag institiúidí lena n-áiritheofar go gcomhlíonfar aon choinníollacha dlíthiúla is gá chun mainneachtain iasachtaí a dhearbhú agus comhthaobhacht a bhailiú go tráthúil;

▼B

(f) i gcás struis nó mainneachtana airgeadais iasachtaí, beidh údarás dlíthiúil ag institiúidí na hearraí infhaighte a dhíol le páirtithe eile nó a shannadh dóibh gan toiliú oibleagáideoirí na n-earraí infhaighte.

3. Comhlíonfar na ceanglais seo a leanas maidir le bainistíocht priacal:

(a) beidh próiseas fónta i bhfeidhm ag institiúid chun an priacal creidmheasa a bhaineann leis na hearraí infhaighte a chinneadh. Áireofar i bpróiseas den sórt sin anailísí ar ghnólacht agus ar thionscal an iasachtaí agus ar na cineálacha custaiméirí lena ndéanann an t-iasachtaí sin gnó. I gcás go mbraitheann institiúid ar a hiasachtaithe chun priacal creidmheasa na gcustaiméirí a fhionnadh, déanfaidh an institiúid athbhreithniú ar chleachtais chreidmheasa na n-iasachtaithe d'fhonn a chreidiúnaí agus a fhónta atá siad a fhionnadh;

(b) léireoidh an difríocht idir méid na risíochta agus luach na n-earraí infhaighte na fachtóirí iomchuí uile, lena n-áirítear costas an bhailithe, comhchruinniú laistigh de chomhthiomsú na n-earraí infhaighte arna gcur i ngeall ag iasachtaí ar leith, agus an comhchruinniú priacal a d'fhéadfadh a bheith ann laistigh de risíochtaí iomlána na hinstitiúide os cionn an méid a rialaítear le modheolaíocht ghinearálta na hinstitiúide. Déanfaidh institiúidí próiseas faireacháin leanúnach atá oiriúnach do na hearraí infhaighte. Déanfaidh siad athbhreithniú, ar bhonn rialta chomh maith, ar chomhlíonadh cúnant iasachtaí, srianta comhshaoil, agus ceanglas dlíthiúil eile;

(c) déanfar earraí infhaighte arna gcur i ngeall ag iasachtaí a éagsúlú agus ní dhéanfar iad a a chomhghaolú go míchuí leis an iasachtaí sin. I gcás go bhfuil comhghaol deimhneach ábhartha i gceist, cuirfidh institiúidí priacal coimhdeach san áireamh i socrú na n-corrlaigh le haghaidh chomhthiomsú na comhthaobhachta ina hiomláine;

(d) ní úsáidfidh institiúidí earraí infhaighte ó chleamhnaithe iasachtaí, lena n-áirítear fochuideachtaí agus fostaithe, mar chosaint creidmheasa incháilithe;

(e) beidh próiseas doiciméadaithe i bhfeidhm ag institiúid trína mbaileofar íocaíochtaí infhála i gcásanna struis. Beidh na saoráidí riachtanacha ag institiúidí le híocaíochtaí a bhailiú fiú amháin más gnách leo brath ar a gcuid iasachtaithe lena mbailiú.

*Airteagal 210*

**Ceanglais maidir le comhthaobhacht fhisiceach eile**

Cáileoidh comhthaobhacht fhisiceach seachas comhthaobhacht maoine dochorraithe mar chomhthaobhacht incháilithe faoin gChur Chuige IBR i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas ar fad:

(a) beidh an comhaontú comhthaobhachta faoina soláthraítear an chomhthaobhacht fhisiceach d'institiúid éifeachtach agus inchurtha i bhfeidhm le dlí i ngach dlínse iomchuí agus cuirfear ar chumas na hinstitiúide sin luach na comhthaobhachta a réadú laistigh d'amchlár réasúnta;

▼B

(b) cé is moite de na héilimh chéadtosaíochta incheadaithe dá dtagraítear in Airteagal 209(2)(b), ní cháileofar ach túsliain nó muirir ar chomhthaobhacht mar chomhthaobhacht incháilithe agus beidh tús áite ag institiúid thar gach iasachtaí eile ó thaobh fháltais réadaithe na comhthaobhachta;

(c) déanfaidh institiúidí faireachán ar luach na comhthaobhachta go minic agus uair amháin sa bhliain ar a laghad. Déanfaidh institiúidí faireachán níos minice sa chás go bhfuil an margadh faoi réir athruithe suntasacha dálaí;

(d) áireofar ar an gcomhaontú iasachta tuairiscí mionsonraithe ar an gcomhthaobhacht mar aon le sonraíochtaí mionsonraithe ar mhodh agus ar mhinicíocht an athluachála;

(e) déanfaidh institiúidí na cineálacha comhthaobhachta fisicí a nglacann siad leo agus na beartais agus na cleachtais atá i bhfeidhm acu maidir le méid iomchuí gach cineáil chomhthaobhachta i gcoibhneas le méid na risíochta a dhoiciméadú go soiléir i mbeartais agus i nósanna imeachta creidmheasa a bheidh ar fáil lena scrúdú;

(f) tabharfar aghaidh i mbeartais chreidmheasa institiúidí maidir le struchtúr na n-idirbheart ar na nithe seo a leanas:

(i) ceanglais chomhthaobhachta iomchuí i gcoibhneas le méid na risíochta;

(ii) an cumas an chomhthaobhacht a leachtú go héasca;

(iii) an cumas praghas nó margadhluach a bhunú go hoibiachtúil;

(iv) an mhinicíocht lenar féidir an luach a fháil go héasca, lena n-áirítear breithmheas gairmiúil nó luacháil ghairmiúil;

(v) luaineacht nó ionadaí luaineacht luach na comhthaobhachta.

(g) cuirfidh institiúidí san áireamh ina iomláine gach meath nó dífheidhmeacht maidir leis an gcomhthaobhacht agus an luacháil tosaigh agus an athluacháil á ndéanamh acu, agus tabharfaidh siad aird faoi leith ar an tionchar a bhíonn ag imeacht ama ar chomhthaobhachtaí atá íogair ó thaobh cúrsaí faisin nó dáta;

(h) beidh an ceart ag institiúidí iniúchadh fisiceach a dhéanamh ar an gcomhthaobhacht. Beidh beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm acu freisin ina dtabharfar aghaidh ar fheidhmiú a gcirt chun iniúchadh fisiceach a dhéanamh;

(i) beidh an chomhthaobhacht a nglacfar leis mar chosaint árachaithe a dóthain i gcoinne priacal damáiste agus beidh nósanna imeachta i bhfeidhm ag institiúidí chun faireachán a dhéanamh air sin.

*Airteagal 211*

▼C2

**Ceanglais maidir le risíochtaí ar léasanna a láimhseáil mar risíochtaí comhthaobhaithe**

▼B

Láimhseálfaidh institiúidí risíochtaí a thagann as idirbhearta léasaithe mar risíochtaí atá comhthaobhaithe leis an gcineál maoine atá léasaithe, i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas ar fad:

▼B

(a) comhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 208 nó 210, de réir mar is infheidhme, maidir leis an gcineál maoine a bheidh léasaithe le cáiliú mar chomhthaobhacht incháilithe;

(b) tá bainistíocht priacal stóinsithe i bhfeidhm ag an léasóir maidir leis an úsáid a bhaintear as an tsócmhainn léasaithe, an suíomh ina bhfuil sí agus an aois atá aici agus an tréimhse atá beartaithe í a úsáid, lena n-áirítear faireachán iomchuí a dhéanamh ar luach an urrúis;

(c) tá úinéireacht dhlíthiúil ag an léasóir ar an tsócmhainn agus tá sé ábalta a chearta mar úinéir a fheidhmiú go tráthúil;

(d) sa chás nár fionnadh é sin agus leibhéal an LGD á ríomh, níl an difríocht idir luach an méid gan amúchadh agus margadhluach an urrúis chomh mór sin is go ndéanfaí meastachán thar ceart ar an maolú priacal creidmheasa a chuirtear i leith na sócmhainní léasaithe.

*Airteagal 212*

**Ceanglais maidir le cosaint chistithe creidmheasa eile**

1. Beidh airgead i dtaisce le hinstitiúid tríú páirtí nó ionstraimí comhshamhlaithe airgid ina seilbh incháilithe don láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 232(1), i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas ar fad:

(a) tá éileamh an iasachtaí i gcoinne na hinstitiúide tríú páirtí curtha i ngeall go hoscailte nó sannta don institiúid iasachtaí agus tá an gealltán nó an sannadh sin éifeachtach agus inchurtha i bhfeidhm le dlí i ngach dlínse iomchuí agus tá sé neamhchoinníollach agus neamh-inchúlghairthe;

(b) tugtar fógra don institiúid tríú páirtí maidir leis an ngealltán nó an sannadh;

(c) mar thoradh ar an bhfógra, ní féidir leis an institiúid tríú páirtí íocaíochtaí a dhéanamh leis an institiúid iasachtaí agus sin amháin nó le páirtithe eile mura bhfaigheann sí toiliú na hinstitiúide iasachtaí roimh ré;

2. Cáileoidh polasaithe árachas saoil atá curtha i ngeall don institiúid iasachtaí mar chomhthaobhacht incháilithe i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas ar fad:

(a) tá an polasaí árachas saoil curtha i ngeall nó sannta go hoscailte don institiúid iasachtaí;

(b) tugtar fógra maidir leis an ngealltán nó an sannadh don chuideachta atá ag soláthar an árachais saoil, agus mar thoradh ar an bhfógra, ní fhéadfaidh sí méideanna atá iníoctha faoin gconradh a íoc gan toiliú na hinstitiúide iasachtaí roimh ré;

(c) tá sé de cheart ag an institiúid iasachtaí an polasaí a chur ar ceal agus an luach géilliúna a fháil i gcás mhainneachtain an iasachtaí;

(d) cuirtear in iúl don institiúid aon íocaíochtaí faoin bpolasaí nach ndearna sealbhóir an pholasaí;

▼B

(e) cuirtear an chosaint creidmheasa ar fáil go ceann théarma na hiasachta. Sa chás nach féidir é sin a dhéanamh toisc go gcríochnaíonn an caidreamh árachais sular n-éagann an caidreamh iasachta, cinnteoidh an institiúid go n-úsáidfear an méid a thagann ón gconradh árachais mar urrús don institiúid go dtí deireadh thréimhse an chomhaontaithe creidmheasa;

(f) tá an gealltán nó an sannadh éifeachtach agus inchurtha i bhfeidhm go dlíthiúil an tráth a chuirfear an comhaontú creidmheasa i gcrích;

(g) dearbhaíonn an chuideachta atá ag soláthar an árachais an luach géilliúna agus tá sé neamh-inlaghdaithe;

(h) tá an luach géilliúna le híoc go tráthúil ag an gcuideachta atá ag soláthar an árachais saoil, arna iarraidh sin;

(i) ní iarrfar an luach géilliúna gach toiliú na hinstitiúide roimh ré;

(j) tá an chuideachta atá ag soláthar an árachais saoil faoi réir Threoir 2009/138/CE nó tá sí faoi réir maoirseachta ag údarás inniúil tríú tír a chuireann socruithe maoirseachta agus rialála i bhfeidhm atá coibhéiseach ar a laghad leis na cinn a chuirtear i bhfeidhm san Aontas.

Foroinn 2

**Cosaint neamhcistithe creidmheasa agus nótaí creidmheas-nasctha**

*Airteagal 213*

**Ceanglais a bhaineann le ráthaíochtaí agus le díorthaigh chreidmheasa araon**

1. Faoi réir Airteagal 214(1), cáileoidh cosaint creidmheasa a eascraíonn ó ráthaíocht nó ó dhíorthaigh chreidmheasa mar chosaint neamhchistithe creidmheasa incháilithe i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas ar fad:

(a) is cosaint creidmheasa dhíreach í an chosaint creidmheasa;

(b) tá méid na cosanta creidmheasa sainithe go soiléir agus ní fhéadfar é a chonspóid;

(c) níl aon chlásal i gconradh na cosanta creidmheasa, a bhfuil a chomhlíonadh faoi rialú díreach an iasachtóra, a d'fhágfadh:

(i) go bhféadfadh soláthraí na cosanta an chosaint a chealú go haontaobhach;

(ii) go dtiocfadh laghdú ar chostas éifeachtach na cosanta mar thoradh ar cháilíocht chreidmheasa na risíochta faoi chosaint a bheadh ag meathlú;

(iii) go bhféadfaí cosc a chur ar oibleagáid a bheith ar sholáthraí na cosanta íocaíocht a dhéanamh go tráthúil i gcás ina mainneodh an oibleagáideoir bunaidh íocaíochtaí atá dlite ar bith a íoc, nó i gcás ina mbeadh an conradh léasaithe éagtha chun luach iarmharach ráthaithe a aithint faoi Airteagail 134(7) agus 166(4);

(iv) go bhféadfadh soláthraí na cosanta aibíocht na cosanta creidmheasa a laghdú;

▼B

(d) tá conradh na cosainta creidmheasa éifeachtach agus inchurtha i bhfeidhm go dlíthiúil i ngach dlínse is iomchuí tráth an comhaontú creidmheasa a thabhairt i gcrích.

2. Léireoidh institiúid d'údaráis inniúla go bhfuil córais i bhfeidhm aici chun comhchruinniú priacal a d'fhéadfadh teacht chun cinn de thoradh na húsáide a bhaineann sí as ráthaíochtaí agus díorthaigh chreidmheasa a bhainistiú. Beidh institiúid ábalta an chaoi a n-idirghníomhaíonn a straitéis maidir leis an úsáid a bhaineann sí as díorthaigh chreidmheasa agus as ráthaíochtaí leis an bhainistíocht a dhéanann sí ar a próifíl priacal fhoriomlán a léiriú chun sástachta na n-údarás inniúil.

3. Comhlíonfaidh institiúid aon cheanglas conartha agus reachtúil i leith in-fhorfheidhmitheacht a gcosanta neamhchistithe creidmheasa faoin dlí is infheidhme maidir lena leas sa chosaint chreidmheasa, agus déanfaidh sí na bearta is gá d'fhonn é sin a áirithiú.

Beidh athbhreithniú dlíthiúil leordhóthanach déanta ag institiúid lena ndearbhaítear in-fhorfheidhmitheacht na cosanta neamhchistithe creidmheasa i ngach dlínse iomchuí. Déanfaidh sí athbhreithniú den sórt sin arís de réir mar is gá d'fhonn in-fhorfheidhmitheacht leanúnach a áirithiú.

*Airteagal 214*

**Frithráthaíochtaí cheannasacha agus frithráthaíochtaí eile de chuid na hearnála poiblí**

1. Féadfaidh institiúidí na risíochtaí dá dtagraítear i mír 2 a láimhseáil mar risíocht atá faoi chosaint ráthaíochta arna soláthar ag na heintitis a liostaítear sa mhír sin, ar an gcoinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas ar fad:

(a) cumhdaítear gach eilimint priacal creidmheasa den éileamh faoin bhfrithráthaíocht;

(b) comhlíonann an ráthaíocht bhunaidh agus an fhrithráthaíocht na ceanglais le haghaidh ráthaíochtaí a leagtar amach in Airteagail 213 agus 215(1), ach amháin nach gcaithfidh an fhrithráthaíocht a bheith díreach;

(c) tá an cumhdach stóinsithe agus ní léir ó aon rud san fhianaise stairiúil nach bhfuil cumhdach na frithráthaíochta coibhéiseach le cumhdach ráthaíochta dírí ón eintiteas i gceist.

2. Beidh feidhm ag an láimhseáil a leagtar amach i mír 1 maidir le risíochtaí faoi chosaint ráthaíochta arna bhfrithráthú ag aon cheann de na heintitis seo a leanas:

(a) rialtais láir nó bainc cheannais;

(b) rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil;

(c) eintiteas earnála poiblí, a láimhseáiltear éilimh air mar éilimh ar an rialtais láir i gcomhréir le hAirteagal 116(4);

▼B

(d) banc forbartha iltaobhach nó eagraíocht idirnáisiúnta, dá sanntar ualú priacal 0 % faoi Airteagal 117(2) agus Airteagal 118 nó de bhua Airteagal 117(2) agus Airteagal 118 faoi seach;

(e) eintiteas earnála poiblí, a láimhseáiltear éilimh air i gcomhréir le hAirteagal 116(1) agus le hAirteagal 116(2).

3. Cuirfidh institiúidí an láimhseáil a leagtar amach i mír 1 i bhfeidhm freisin maidir le risíocht nach bhfuil frithráthaithe ag aon eintiteas a liostaítear i mír 2 i gcás ina mbeidh frithráthaíocht na risíochta sin ráthaithe go díreach ag ceann de na heintitis sin agus i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha a liostaítear i mír 1.

*Airteagal 215*

**Ceanglais bhreise maidir le ráthaíochtaí**

1. Cáileoidh ráthaíochtaí mar chosaint neamhchistithe creidmheasa incháilithe i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha ar fad in Airteagal 213 agus na coinníollacha seo a leanas ar fad:

(a) ar mhainneachtain cháilitheach an chontrapháirtí, nó ar an méid dlite gan a bheith íoctha aige, tá an ceart ag an institiúid iasachtaí an ráthóir a thóraíocht go tráthúil i leith airgid ar bith atá dlite faoin éileamh a bhfuil an chosaint á soláthar ina leith agus ní bheidh ar an institiúid iasachtaí an ráthóir a thóraíocht ar dtús chun íocaíocht a fháil;

I gcás cosanta neamhchistithe creidmheasa ina gcuimsítear iasachtaí morgáiste áit chónaithe, tá tréimhse 24 mí ann chun na ceanglais in Airteagal 213(1)(c)(iii) agus sa chéad fhomhír den phointe seo a chomhlíonadh.

(b) is oibleagáid atá doiciméadaithe go sainráite arna gabháil ag an ráthóir atá sa ráthaíocht;

(c) comhlíontar ceachtar de na coinníollacha seo a leanas:

(i) cumhdaítear gach cineál íocaíochta atáthar ag súil go ndéanfadh an oibleagáideoir maidir leis an éileamh faoin ráthaíocht;

(ii) i gcás ina ndéantar cineálacha faoi leith íocaíochta a eisiamh ón ráthóir, tá luach na ráthaíochta coigeartaithe ag an institiúid iasachtaí chun an cumhdach teoranta a léiriú.

2. I gcás na ráthaíochtaí a sholáthraítear i gcomhthéacs comhscéimeanna ráthaíochta nó a sholáthraíonn nó a fhrithráthaíonn na heintitis a liostaítear in Airteagal 214(2), measfar go mbeidh na ceanglais i bpointe (a) de mhír 1 den Airteagal seo comhlíonta i gcás ina gcomhlíonfar ceachtar de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá an ceart ag an institiúid iasachtaí íocaíocht shealadach a fháil go tráthúil ón ráthóir, ar íocaíocht í a chomhlíonann an dá choinníoll seo a leanas:

▼B

(i) léiríonn sé meastachán stóinsithe ar an gcaillteanas, lena n-áirítear caillteanais a thig ón ús gan a bheith íoctha agus cineálacha eile íocaíochta a bhfuil oibleagáid ar an iasachtaí iad a dhéanamh, ar méideanna iad is dócha a thabhóidh an institiúid iasachtaí;

(ii) tá sé comhréireach le cumhdach na ráthaíochta;

(b) is féidir leis an institiúid iasachtaí a léiriú chun sástachta na n-údarás inniúil go dtugann éifeachtaí na ráthaíochta, a chumhdóidh caillteanais a thig ó ús gan a bheith íoctha agus cineálacha íocaíochta eile a bhfuil oibleagáid ar an iasachtaí iad a dhéanamh freisin, go dtugann siad údar le láimhseáil den sórt sin.

*Airteagal 216*

**Ceanglais bhreise maidir le díorthaigh chreidmheasa**

1. Cáileoidh díorthaigh chreidmheasa mar chosaint neamhchistithe creidmheasa incháilithe i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha ar fad in Airteagal 213 agus na coinníollacha seo a leanas ar fad:

(a) áirítear ar na teagmhais chreidmheasa a shonraítear sa chonradh díorthach creidmheasa:

(i) mainneachtain na méideanna atá dlite faoi théarmaí na hoibleagáide foluití a íoc atá i bhfeidhm tráth na mainneachtana sin, agus tréimhse chairde ann atá comhionann leis an tréimhse chairde nó atá níos giorra ná an tréimhse chairde sa bhunoibleagáid;

(ii) féimheacht, dócmhainneacht nó neamhábaltacht an oibleagáideora a fhiacha a íoc, nó mainneachtain nó admháil i scríbhinn an oibleagáideora maidir lena neamhábaltacht go ginearálta a fhiacha a íoc de réir mar a thagann siad chun bheith dlite, agus teagmhais comhchosúla.

(iii) athchóiriú na hoibleagáide foluití trí bhíthin na príomhshuime, an úis nó na dtáillí as a dtig teagmhas caillteanas creidmheasa a mhaitheamh nó a chur siar;

(b) i gcás ina ndéantar foráil do shocraíochtaí airgid le díorthaigh chreidmheasa:

(i) tá próiseas luachála stóinsithe i bhfeidhm ag institiúidí d'fhonn caillteanas a mheas go hiontaofa;

(ii) tá tréimhse ann a shonraítear go soiléir chun luachálacha na hoibleagáide foluití a fháil tar éis an teagmhais chreidmheasa;

(c) i gcás ina bhfuil ceart agus cumas cheannaitheoir na cosanta an oibleagáid fholuiteach a aistriú chuig soláthraí na cosanta ag teastáil chun socrú a dhéanamh, foráiltear le téarmaí na hoibleagáide foluití nach gcoinneofar siar gan chall aon toiliú a bheadh ag teastáil chun aistriú den chineál sin a dhéanamh;

(d) tá sainithe go soiléir céannacht na bpáirtithe atá freagrach as a chinneadh cé acu a tharla teagmhas creidmheasa nó nár tharla;

(e) níl sé faoi sholáthraí na cosanta agus faoi-sean amháin an teagmhas creidmheasa a chinneadh;

▼B

(f) tá sé de cheart nó de chumas ag ceannaitheoir na cosanta teagmhas creidmheasa a tharla a chur in iúl do sholáthraí na cosanta.

I gcás nach n-áirítear athchóiriú na hoibleagáide foluití ar na teagmhais chreidmheasa mar a thuairiscítear i bpointe (a)(iii), d'fhéadfadh an chosaint creidmheasa a bheith incháilithe mar sin féin faoi réir laghdaithe sa luach mar a shonraítear in Airteagal 233(2);

2. Aon neamhréir idir an oibleagáid fholuiteach agus an oibleagáid tagartha faoin díorthach creidmheasa nó idir an oibleagáid fholuiteach agus an oibleagáid a úsáidtear lena chinneadh cé acu a tharla nó nár tharla teagmhas creidmheasa, ní ceadmhach í a úsáid ach i gcás go gcomhlíonfar an dá choinníoll seo a leanas:

(a) tá an oibleagáid tagartha nó an oibleagáid a úsáidtear lena chinneadh cé acu a tharla nó nár tharla teagmhas creidmheasa, de réir mar a bheidh, pari passu leis an oibleagáid fholuiteach nó tá sí sóisearach dó;

(b) tá an oibleagáideoir céanna ag an oibleagáid fholuiteach agus ag an oibleagáid tagartha nó an oibleagáid a úsáidtear lena chinneadh cé acu a tharla nó nár tharla teagmhas creidmheasa, de réir mar a bheidh, agus tá clásail um thrasmhainneachtain nó um thras-luathú is inchurtha i bhfeidhm le dlí i bhfeidhm.

*Airteagal 217*

**Ceanglais le cáiliú don láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 153(3)**

1. Le bheith incháilithe don láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 153(3), comhlíonfaidh cosaint creidmheasa a thig as ráthaíocht nó as díorthach creidmheasa na coinníollacha seo a leanas:

(a) Is i leith ceann de na risíochtaí seo a leanas atá an bhunoibleagáid:

(i) risíocht chorparáideach dá dtagraítear in Airteagal 147, gan gnóthais árachais nó athárachais a áireamh;

(ii) risíocht ar rialtas réigiúnach, údarás áitiúil nó ar eintiteas earnála poiblí nach láimhseáiltear mar risíocht ar rialtas láir nó ar bhanc ceannais i gcomhréir le hAirteagal 147;

(iii) risíocht ar FBM, atá aicmithe mar risíocht ar mhiondíol i gcomhréir le hAirteagal 147(5);

(b) Níl na hoibleagáideoirí foluiteacha ina gcomhaltaí den ghrúpa céanna le soláthraí na cosanta;

(c) tá an risíocht fálaithe le ceann de na hionstraimí seo a leanas:

(i) díorthaigh chreidmheasa neamhchistithe aonainm nó ráthaíochtaí aonainm;

(ii) táirgí bascaeid den chéad mhainneachtain;

(iii) táirgí bascaeid don n-ú mainneachtain;

▼B

(d) comhlíonann an chosaint creidmheasa na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 213, in Airteagal 215 agus in Airteagal 216, mar is infheidhme;

(e) níl an t-ualú priacal a bhaineann leis an risíocht roimh an láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 153(3) san áireamh in aon ghné den chosaint creidmheasa;

(f) tá an ceart ag institiúid agus is féidir léi bheith ag coinne le híocaíocht a fháil ón soláthraí cosanta gan a bheith uirthi caingean dlí a thionscnamh chun an contrapháirtí a thóraíocht chun go n-íocfaidh sé. A mhéad is féidir, déanfaidh an institiúid bearta lena dheimhniú di féin go bhfuil an soláthraí cosanta toilteanach íoc go pras dá dtarlódh teagmhas creidmheasa;

(g) glacann an chosaint creidmheasa cheannaithe chuici féin na caillteanais chreidmheasa uile ar an gcuid fhálaithe de risíocht a thagann chun cinn mar gheall ar theagmhais chreidmheasa a tharlaíonn a leagtar amach sa chonradh;

(h) I gcás ina ndéantar foráil i struchtúr eisíocaíochta na cosanta creidmheasa maidir le socraíocht fhisiceach, tá deimhneacht dhlíthiúil ann gur féidir iasacht, banna nó dliteanas teagmhasach a sheachadadh;

(i) i gcás ina mbeidh sé beartaithe ag institiúid oibleagáid seachas an risíocht fholuiteach a sheachadadh, áiritheoidh sí go bhfuil an oibleagáid inseachadta sách leachtach ionas go mbeadh ar chumas na hinstitiúide í a cheannach lena seachadadh i gcomhréir leis an gconradh;

(j) tá téarmaí agus coinníollacha na socruithe cosanta creidmheasa dearbhaithe le dlí i scríbhinn ag soláthraí na cosanta agus an institiúid araon;

(k) tá próiseas i bhfeidhm ag institiúidí d'fhonn comhghaol iomarcach a bhrath idir acmhainneacht creidmheasa sholáthraí na cosanta agus oibleagáideoir na risíochta foluití toisc go mbraitheann a bhfeidhmíocht ar chomhfhachtóirí thar an bhfachtóir priacal córasach;

(l) i gcás cosanta i gcoinne priacal caolúcháin, níl díoltóir na n-earraí infhaighte ceannaithe ina chomhalta den ghrúpa céanna agus atá soláthraí na cosanta.

2. Chun críocha phointe (c)(ii) de mhír 1, cuirfidh institiúidí an láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 153(3) i bhfeidhm maidir leis an tsócmhainn laistigh den bhascaed ag a bhfuil an méid is ísle risíochta a ualaíteara ualaítear ó thaobh priacal.

3. Chun críocha phointe (c)(iii) de mhír 1, ní cháileoidh an chosaint arna fáil lena háireamh faoin gcreat sin i gcás ina bhfuarthas cosaint mhainneachtana (n-1)ú incháilithe chomh maith nó i gcás inar mhainnigh (n-1) de na sócmhainní laistigh den bhascaed cheana. Más amhlaidh atá sé, cuirfidh institiúidí an láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 153(3) i bhfeidhm maidir leis an tsócmhainn laistigh den bhascaed ag a bhfuil an méid is ísle risíochta a ualaítear ó thaobh priacal.

▼B

Roinn 4

**Éifeachtaí an mhaolaithe priacal creidmheasa a ríomh**

Foroinn 1

**Cosaint cistithe creidmheasa**

*Airteagal 218*

**Nótaí creidmheas-nasctha**

Féadfar infheistíochtaí i nótaí creidmheas-nasctha arna n-eisiúint ag institiúid iasachtaí a láimhseáil mar chomhthaobhacht airgid d'fhonn éifeacht na cosanta cistithe creidmheasa a ríomh i gcomhréir leis an bhForoinn seo, ar an gcoinníoll go gcáileoidh an bhabhtáil mainneachtain chreidmheasa atá leabaithe sa nóta creidmheas-nasctha mar chosaint neamhchistithe creidmheasa incháilithe. Lena chinneadh an gcáileoidh an bhabhtáil mainneachtain chreidmheasa atá leabaithe sa nóta creidmheas-nasctha mar chosaint neamhchistithe creidmheasa incháilithe, féadfaidh an institiúid a mheas gur comhlíonadh an coinníoll i bpointe (c) d'Airteagal 194(6).

*Airteagal 219*

**Glanluacháil laistigh den chlár comhardaithe**

Iasachtaí agus taiscí leis an institiúid iasachtaí atá faoi réir glanluachála laistigh den chlár comhardaithe, láimhseálfaidh an institiúid sin iad mar chomhthaobhacht airgid d'fhonn éifeacht na cosanta cistithe creidmheasa a ríomh maidir leis na hiasachtaí agus na taiscí sin de chuid na hinstitiúide iasachtaí atá faoi réir glanluachála laistigh den chlár comhardaithe atá ainmnithe san airgeadra céanna.

*Airteagal 220*

**An Cur Chuige Maoirseachta maidir le Coigeartuithe Luaineachta nó an Cur Chuige bunaithe ar a Meastacháin Féin maidir le Coigeartuithe Luaineachta a úsáid le haghaidh máistir-chomhaontuithe glanluachála**

1. Nuair a ríomhann institiúidí 'luach na risíochta lánchoigeartaithe' (E*) maidir leis na risíochtaí atá faoi réir máistir-chomhaontú glanluachála incháilithe ina gcuimsítear idirbhearta athcheannaigh nó idirbhearta maidir le hurrúis nó tráchtearraí a iasachtú nó a fháil ar iasacht nó idirbhearta caipitil eile atá faoi thionchar an mhargaidh, ríomhfaidh siad na coigeartuithe luaineachta is gá dóibh a chur i bhfeidhm tríd an gCur Chuige Maoirseachta maidir le Coigeartuithe Luaineachta nó tríd an gCur Chuige bunaithe ar a Meastacháin Féin maidir le Coigeartuithe Luaineachta a úsáid ('Cur Chuige bunaithe ar a Meastacháin Féin') arna leagan amach in Airteagail 223 go 226 maidir leis an Modh Cuimsitheach Comhthaobhach Airgeadais.

Beidh úsáid an Chuir Chuige bunaithe ar a Mheastacháin Féin faoi réir na gcoinníollacha agus na gceanglas céanna is infheidhme faoin Modh Cuimsitheach Comhthaobhach Airgeadais.

2. Chun críocha E* a ríomh, déanfaidh institiúidí an méid a leanas:

(a) ríomhfaidh siad an suíomh glan i ngach grúpa urrús nó i ngach cineál tráchtearra trí bhíthin an méid i bpointe (ii) a dhealú ón méid i bpointe (i):

▼B

(i) luach iomlán grúpa urrús nó tráchtearraí den chineál céanna a iasachtaíodh, a díoladh nó a soláthraíodh faoin máistir-chomhaontú glanluachála;

(ii) luach iomlán grúpa urrús nó tráchtearraí den chineál céanna a fuarthas ar iasacht, a ceannaíodh nó a fuarthas faoin máistir-chomhaontú glanluachála;

(b) ríomhfaidh institiúidí an suíomh glan i ngach airgeadra, seachas airgeadra socraíochta an mháistir-chomhaontaithe glanluachála, trí bhíthin an méid i bpointe (ii) a dhealú ón méid i bpointe (i):

(i) suim luach iomlán na n-urrús atá ainmnithe san airgeadra sin a iasachtaíodh, a díoladh nó a soláthraíodh faoin máistir-chomhaontú glanluachála agus méid an airgid thirim san airgeadra sin a iasachtaíodh nó a aistríodh faoin gcomhaontú sin;

(ii) suim luach iomlán na n-urrús atá ainmnithe san airgeadra sin a fuarthas ar iasacht, a ceannaíodh nó a fuarthas faoin máistir-chomhaontú glanluachála agus méid an airgid thirim san airgeadra sin a fuarthas ar iasacht nó a fuarthas faoin gcomhaontú sin;

(c) cuirfidh institiúidí an coigeartú luaineachta is iomchuí do ghrúpa ar leith urrús nó do shuíomh airgid i bhfeidhm maidir le luach absalóideach an tsuímh ghlain dheimhnigh nó dhiúltaigh sna hurrúis sa ghrúpa sin;

(d) cuirfidh siad an coigeartú luaineachta maidir le priacal malairte eachtraí (fx) i bhfeidhm maidir leis an suíomh glan deimhneach nó diúltach i ngach airgeadra seachas airgeadra socraíochta an mháistir-chomhaonaithe glanluachála.

3. Ríomhfaidh institiúidí E* de réir na foirmle seo a leanas:

$$E^* = \max\left\{0, \left(\sum_i E_i - \sum_i C_i\right) + \sum_j |E_j^{sec}| \cdot H_j^{sec} + \sum_k |E_k^{fx}| \cdot H_k^{fx}\right\}$$

nuair atá:

$E_i$ = luach risíochta gach risíochta ar leith faoin gcomhaontú a bheadh i bhfeidhm in éagmais na cosanta creidmheasa, i gcás ina ríomhann institiúidí méideanna risíochta a ualaíteara ualaítear ó thaobh priacal faoin gCur Chuige Caighdeánaithe nó i gcás ina ríomhann siad na méideanna risíochta a ualaíteara ualaítear ó thaobh priacal agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh faoin gCur Chuige IRB;

$C_i$ = luach na n-urrús i ngach aon ghrúpa nó tráchtearraí den chineál céanna a fuarthas ar iasacht, a ceannaíodh nó a fuarthas nó an t-airgead a fuarthas ar iasacht nó a fuarthas maidir le gach aon risíocht i;

$E_j^{sec}$ = an suíomh glan (deimhneach nó diúltach) i ngrúpa ar leith urrús j;

$E_k^{fx}$ = an suíomh glan (deimhneach nó diúltach) in airgeadra ar leith k seachas airgeadra socraíochta an chomhaontuithe arna ríomh faoi phointe (b) de mhír 2;

▼B

$H_j^{sec}$ = an coigeartú luaineachta is iomchuí do ghrúpa áirithe urrús j;

$H_k^{fx}$ = coigeartú luaineachta airgeadra k i leith airgeadra eachtraigh.

4. Ar mhaithe le méideanna risíochta a ualaíteara ualaítear ó thaobh priacal agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh le haghaidh idirbheart athcheannaigh nó idirbhearta maidir le hurrúis nó tráchtearraí a iasachtú nó a fháil ar iasacht nó idirbhearta caipitil eile atá faoi thionchar an mhargaidh a chumhdaítear faoin máistir-chomhaontú glanluachála a ríomh, úsáidfidh institiúidí E* arna ríomh faoi mhír 3 mar luach risíochta na risíochta ar an gcontrapháirt a thagann as na hidirbhearta atá faoi réir an mháistir-chomhaontaithe glanluachála chun críocha Airteagal 113 faoin gCur Chuige Caighdeánaithe nó chun críocha Chaibidil 3 faoin gCur Chuige IRB.

5. Chun críocha mhíreanna 2 agus 3, ciallaíonn 'grúpa urrús' urrúis a eisíonn an t-eintiteas céanna, urrúis ag a bhfuil an dáta eisiúna céanna, an aibíocht chéanna, atá faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha céanna, agus atá faoi réir na dtréimhsí leachtaithe céanna arna léiriú in Airteagail 224 agus 225, de réir mar is infheidhme.

*Airteagal 221*

**Cur Chuige na Samhlacha Inmheánacha a úsáid le haghaidh máistir-chomhaontuithe glanluachála**

1. Mar mhalairt ar an gCur Chuige Maoirseachta maidir le Coigeartuithe Luaineachta nó ar an gCur Chuige bunaithe ar a Meastacháin Féin a úsáid chun luach na risíochta lánchoigeartaithe a ríomh (E*) a thig ó mháisitir-chomhaontú glanluachála incháilithe a chur i bhfeidhm ag cuimsiú idirbheart athcheannaigh nó idirbheart maidir le hurrúis nó tráchtearraí a iasachtú nó a fháil ar iasacht nó idirbheart caipitil eile atá faoi thionchar an mhargaidh seachas idirbhearta díorthach, féadfaidh institiúidí, faoi réir chead na n-údarás inniúil, cur chuige na samhlacha inmheánacha a úsáid ina gcuirtear san áireamh éifeachtaí comhghaolaithe idir na suímh urrúis atá faoi réir an mháistir-chomhaontaithe glanluachála mar aon le leachtacht na n-ionstraimí lena mbaineann.

2. Faoi réir chead na n-údarás inniúil, féadfaidh institiúidí a samhlacha inmheánacha féin a úsáid chomh maith le haghaidh idirbheart iasachta corrlaigh, i gcás ina bhfuil na hidirbhearta cuimsithe faoi mháistir-chomhaontú déthaobhach glanluachála a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i gCaibidil 6, Roinn 7.

3. Féadfaidh institiúid cur chuige na samhlacha inmheánacha a úsáid is cuma cé acu an Cur Chuige Caighdeánaithe nó an Cur Chuige IBR atá roghnaithe acu chun méideanna risíochta a ualaíteara ualaítear ó thaobh priacal a ríomh. Mar sin féin, i gcás ina bhféachann institiúid le cur chuige na samhlacha inmheánacha a úsáid, déanfaidh sí amhlaidh i gcás gach contrapháirtí agus gach urrúis, gan punanna neamhábhartha a áireamh i gcás ina bhféadfaidh sí an Cur Chuige Maoirseachta maidir le Coigeartuithe Luaineachta nó an Cur Chuige bunaithe ar a Meastacháin Féin a leagtar síos in Airteagal 220 a úsáid.

►**C2** Féadfaidh institiúidí a bhfuil cead faighte acu samhail inmheánach tomhas priacal a úsáid faoi Theideal IV, Caibidil 5 ◄ cur chuige na samhlacha inmheánacha a úsáid. I gcás nach bhfuil cead den sórt sin faighte ag institiúid, féadfaidh sí iarratas a dhéanamh ar na húdaráis inniúla fós chun cead a fháil cur chuige na samhlacha inmheánacha a úsáid chun críocha an Airteagail seo.

▼B

4. Ní thabharfaidh údaráis inniúla cead d'institiúid cur chuige na samhlacha inmheánacha a úsáid ach amháin i gcás inar deimhin leo go bhfuil córas na hinstitiúide maidir leis na priacail a thagann as na hidirbhearta a chuimsíonn an máistir-chomhaontú glanluachála slán ar bhonn coincheapúil agus curtha chun feidhme le hionracas agus i gcás ina gcomhlíonfar na caighdeáin cháilíochtúla seo a leanas:

(a) tá an tsamhail tomhas priacal inmheánach a úsáidtear chun luaineacht praghsanna fhéideartha a ríomh le haghaidh na n-idirbheart comhtháite go dlúth le próiseas bainistithe priacal laethúil na hinstitiúide agus úsáidtear í mar an bhonn le risíochtaí ar priacal a thuairisciú do bhainistíocht shinsearach na hinstitiúide;

(b) tá aonad rialaithe priacal ag an institiúid a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas:

(i) tá sé neamhspleách ar aonaid trádála gnó agus tuairiscíonn sé go díreach don bainistíocht shinsearach;

(ii) tá sé freagrach as córas bainistíochta priacal na hinstitiúide a dhearadh agus a chur chun feidhme;

(iii) déanann sé tuairiscí laethúla ar aschur na samhla tomhas priacal agus ar na bearta iomchuí atá le déanamh i dtéarmaí teorainneacha suímh agus déanann sé anailís orthu.

(c) athbhreithnítear na tuairiscí laethúla a dhéantar san aonad rialaithe priacal ar leibhéal bainistíochta ag a bhfuil údarás leordhóthanach le laghduithe a fhorfheidhmiú ar shuímh a glacadh agus le laghduithe ar risíocht fhoriomlán ar priacal a fhorfheidhmiú;

(d) tá a dóthain ball foirne ag an institiúid san aonad rialaithe priacal atá oilte i samhlacha sofaisticiúla a úsáid;

(e) tá nósanna imeachta bunaithe ag an institiúid le faireachán a dhéanamh ar shraith dhoiciméadaithe de bheartais agus rialuithe inmheánacha a bhaineann le feidhmiú foriomlán an chórais chun priacal a thomhas agus lena áirithiú go gcomhlíonfar na beartais agus na rialuithe sin;

(f) tá cuntas teiste cruthaithe ag samhlacha na hinstitiúide maidir le cruinneas réasúnta i priacail a thomhas arna léiriú trí thástáil a théann siar ar a haschur ag úsáid sonraí bliana ar a laghad;

(g) déanann an institiúid dianchlár tástála struis go minic agus déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú ar thorthaí na dtástálacha sin agus léirítear iad sna beartais agus sna teorainneacha a shocraíonn sí;

(h) déanann an institiúid, mar chuid dá próisis iniúchóireachta inmheánaí rialta, athbhreithniú neamhspleách ar a córas chun priacal a thomhas. Áireofar leis an athbhreithniú sin gníomhaíochtaí na n-aonad trádála gnó agus an aonaid neamhspleáigh rialaithe priacal araon.

▼B

(i) Uair amháin sa bhliain ar a laghad, déanfaidh an institiúid athbhreithniú ar a próiseas foriomlán bainistithe priacal.

(j) comhlíonann an tsamhail inmheánach na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 292(8) agus (9) agus in Airteagal 294.

5. Gabhfar líon leordhóthanach fachtóirí priacal i samhail inmheánach tomhas priacal na hinstitiúide d'fhonn na priacail praghais ábhartha uile a ghabháil.

Féadfaidh institiúid comhghaoil eimpíreacha úsáid laistigh de chatagóirí priacal agus thar chatagóirí priacal i gcás ina bhfuil a córas tomhaiste comhghaol fónta agus go gcuirtear chun feidhme é go hionraic.

6. Déanfaidh institiúidí atá ag úsáid chur chuige na samhlacha inmheánacha E* a ríomh de réir na foirmle seo a leanas:

$$E^{*} = \max\left\{0, \left(\sum_{i} E_i - \sum_{i} C_i\right) + \textit{potential change in value}\right\}$$

nuair atá:

$E_i$ = luach risíochta gach risíochta ar leith faoin gcomhaontú a bheadh i bhfeidhm in éagmais na cosanta creidmheasa, i gcás ina ríomhann institiúidí na méideanna risíochta a ualaíteara ualaítear ó thaobh priacal faoin gCur Chuige Caighdeánaithe nó i gcás ina ríomhann siad na méideanna risíochta a ualaíteara ualaítear ó thaobh priacal agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh faoin gCur Chuige IRB;

$C_i$ = luach na n-urrús a fuarthas ar iasacht, a ceannaíodh nó a fuarthas nó an t-airgead a fuarthas ar iasacht nó a fuarthas maidir le gach aon risíocht i den sórt sin.

Agus méideanna risíochta a ualaítear ó thaobh priacal á ríomh ag úsáid samhlacha inmheánacha, úsáidfidh institiúidí aschur shamhail an lae gnó roimhe sin.

7. Beidh ríomh an athraithe a d'fhéadfadh tarlú i luach dá dtagraítear i mír 6 faoi réir na gcaighdeán seo a leanas ar fad:

(a) déanfar é gach lá ar a laghad;

(b) beidh sé bunaithe ar eatramh muiníne aonfhoircneach 99ú peircintíl;

(c) beidh sé bunaithe ar thréimhse leachtaithe atá coibhéiseach le 5 lá, ach amháin i gcás idirbheart seachas idirbhearta athcheannaigh i leith urrús nó idirbheart maidir le hurrúis a iasachtú nó a fháil ar iasacht mar a n-úsáidfear tréimhse leachtaithe atá coibhéiseach le 10 lá;

(d) tréimhse bhreathnóireachta stairiúil iarbhír 1 bhliana ar a laghad ach amháin nuair atá údar le tréimhse bhreathnóireachta níos giorra i ngeall ar bhorradh suntasach i luaineacht praghsanna;

(e) déanfar an tacar sonraí a úsáidtear sa ríomh a nuashonrú gach trí mhí.

▼B

I gcás ina bhfuil idirbheart athcheannaigh ag institiúid, nó idirbheart maidir le hurrúis nó tráchtearraí a iasachtú nó a fháil ar iasacht agus idirbheart iasachta corrlaigh nó idirbheart dá shamhail nó tacar glanluachála a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 285(2), (3) agus (4), beidh an íostréimhse shealbhaíoctha i gcomhréir leis an tréimhse corrlaigh faoi phriacal a bheadh i bhfeidhm faoi na míreanna sin, i gcomhar le hAirteagal 285(5).

8. Ar mhaithe le méideanna risíochta a ualaítear ó thaobh priacal agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh le haghaidh idirbheart athcheannaigh nó idirbhearta maidir le hurrúis nó tráchtearraí a iasachtú nó a fháil ar iasacht nó idirbhearta caipitil eile atá faoi thionchar an mhargaidh a chumhdaítear faoin máistir-chomhaontú glanluachála a ríomh, úsáidfidh institiúidí E* arna ríomh faoi mhír 6 mar luach risíochta na risíochta ar an gcontrapháirt a thagann as na hidirbhearta atá faoi réir an mháistir-chomhaontaithe glanluachála chun críocha Airteagal 113 faoin gCur Chuige Caighdeánaithe nó chun críocha Chaibidil 3 faoin gCur Chuige IRB.

9. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na nithe seo a leanas a shonrú:

(a) cad is punann neamhábhartha ann chun críocha mhír 3;

(b) na critéir lena chinneadh an bhfuil an tsamhail inmheánach fónta agus curtha chun feidhme le hionracas chun críocha mhír 4 agus mhír 5 agus chun críocha na máistir-chomhaontuithe glanluachála.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2015.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 222*

**Modh Simplí Comhthaobhach Airgeadais**

1. Ní fhéadfaidh institiúidí an Modh Simplí Comhthaobhach Airgeadais a úsáid ach amháin i gcás ina ríomhann siad méideanna risíochta a ualaítear ó thaobh priacal faoin gCur Chuige Caighdeánaithe. Ní úsáidfidh institiúidí an Modh Simplí Comhthaobhach Airgeadais agus an Modh Cuimsitheach Comhthaobhach Airgeadais araon, ach amháin chun críocha Airteagail 148(1) agus 150(1). Ní úsáidfidh institiúidí an eisceacht seo go roghnaitheach ar mhaithe le ceanglais cistí dílse a bhaint amach nó ar mhaithe le arbatráiste rialála a stiúradh.

2. Faoin Modh Simplí Comhthaobhach Airgeadais sannfaidh institiúidí luach atá cothrom lena margadhluach do comhthaobhacht airgeadais incháilithe arna chinneadh i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 207(4).

3. Sannfaidh institiúidí an t-ualú priacal a shannfaidís faoi Chaibidil 2 mar a raibh risíocht dhíreach ag an institiúid iasachtaí ar an ionstraim chomhthaobhachta do na codanna sin de luachanna na risíochta atá comhthaobhaithe le margadhluach na comhthaobhachta incháilithe. Chun na críocha sin, beidh luach risíochta na hítime lasmuigh den chlár comhardaithe a liostaítear in Iarscríbhinn I cothrom le 100 % de luach na hítime seachas luach na risíochta a shonraítear in Airteagal 111(1) a bheith ann.

▼B

Beidh an t-ualú priacal a bhaineann leis an gcuid chomhthaobhaithe cothrom le 20 % ar a laghad ach amháin mar a shonraítear i míreanna 4 go 6. Cuirfidh institiúidí an t-ualú priacal a shannfaidís do risíocht neamhurraithe ar an gcontrapháirtí faoi Chaibidil 2 i bhfeidhm maidir leis an gcuid eile de luach na risíochta.

4. Sannfaidh institiúidí ualú priacal 0 % don chuid chomhthaobhaithe den risíocht a thagann as idirbhearta athcheannaigh agus idirbhearta maidir le hurrúis a iasachtú nó a fháil ar iasacht a chomhlíonann na critéir in Airteagal 227. I gcás nach príomhpháirtí sa mhargadh é an contrapháirtí san idirbheart, sannfaidh institiúidí ualú priacal 10 %.

5. Sannfaidh institiúidí ualú priacal 0 %, de réir mhéid an tsoláthair urrúis chomhthaobhaigh, do luachanna na risíochta arna gcinneadh faoi Chaibidil 6 i gcás na n-ionstraimí díorthacha a liostaítear in Iarscríbhinn II agus faoi réir marcáil laethúil ón margadh, luachanna a bheidh comhthaobhaithe le hairgead nó le hionstraimí comhshamhlaithe airgid i gcás nach bhfuil neamhréir airgeadra i gceist.

Sannfaidh institiúidí ualú priacal 10 %, de réir mhéid an tsoláthair urrúis chomhthaobhaigh, do luachanna risíochta na n-idirbheart sin a bheidh comhthaobhaithe le hurrúis fiachais arna n-eisiúint ag rialtais láir nó ag bainc cheannais dá sanntar ualú priacal 0 % faoi Chaibidil 2.

6. I gcás idirbheart seachas na cinn sin dá dtagraítear i míreanna 4 agus 5, féadfaidh institiúidí ualú priacal 0 % a shannadh i gcás ina mbeidh an risíocht agus an chomhthaobhacht ainmnithe san airgeadra céanna, agus i gcás ina gcomhlíonfar ceachtar de na coinníollacha seo a leanas:

(a) airgead i dtaisce nó ionstraim chomhshamhlaithe airgid is ea an chomhthaobhacht;

(b) tá an chomhthaobhacht i bhfoirm urrúis fiachais arna n-eisiúint ag rialtas láir nó ag bainc cheannais a cháilíonn d'ualú priacal 0 % faoi Airteagal 114, agus rinneadh lascaine 20 % ar a mhargadhluach.

7. Chun críocha mhíreanna 5 agus 6, áireofar ar 'urrúis fiachais arna n-eisiúint ag rialtais láir nó ag bainc cheannais' na nithe seo a leanas:

(a) urrúis fiachais arna n-eisiúint ag rialtais réigiúnacha nó ag údaráis áitiúla, risíochtaí a láimhseáiltear mar risíochtaí ar an rialtas láir a bhfuil siad bunaithe ina dhlínse faoi Airteagal 115;

(b) urrúis fiachais arna n-eisiúint ag bainc forbartha iltaobhacha a sanntar ualú priacal 0 % dóibh faoi Airteagal 117(2) nó de bhua Airteagal 117(2);

▼B

(c) urrúis fiachais arna n-eisiúint ag eagraíochtaí idirnáisiúnta a sanntar ualú priacal 0 % dóibh faoi Airteagal 118.

(d) urrúis fiachais arna n-eisiúint ag eintitis earnála poiblí a láimhseáiltear mar risíochtaí ar rialtais láir i gcomhréir le hAirteagal 116(4).

*Airteagal 223*

**Modh Simplí Comhthaobhach Airgeadais**

1. D'fhonn luaineacht praghsanna a chur san áireamh, cuirfidh institiúidí coigeartuithe luaineachta i bhfeidhm maidir le margadhluach na comhthaobhachta, mar a leagtar amach in Airteagail 224 go 227, agus comhthaobhacht airgeadais á luacháil chun críocha an Mhodha Chuimsithigh Chomhthaobhaigh Airgeadais.

I gcás ina mbeidh comhthaobhacht ainmnithe in airgeadra atá éagsúil leis an airgeadra ina bhfuil an risíocht fholuiteach ainmnithe, cuirfidh institiúidí coigeartú leis a léireoidh luaineacht airgeadra ar an gcoigeartú luaineachta atá iomchuí don chomhthaobhacht mar a leagtar amach in Airteagail 224 go 227.

I gcás idirbheart díorthach thar an gcuntar arna gcumhdach faoi chomhaontuithe glanluacHála a aithníonn na húdaráis inniúla faoi Chaibidil 6, cuirfidh institiúidí coigeartú luaineachta i bhfeidhm a léireoidh luaineacht airgeadra ar an gcoigeartú luaineachta nuair a bheidh neamhréir idir an t-airgeadra comhthaobhachta agus an t-airgeadra socraíochta. Fiú nuair atá airgeadraí éagsúla i gceist sna hidirbhearta arna gcumhdach faoin gcomhaontú glanluachála, cuirfidh institiúidí coigeartú luaineachta aonair i bhfeidhm.

2. Ríomhfaidh institiúidí luach na comhthaobhachta arna choigeartú de réir na luaineachta ($C_{VA}$) nach mór dóibh a chur san áireamh mar a leanas:

$$C_{VA} = C \cdot \left(1 - H_C - H_{fx}\right)$$

nuair atá:

C = luach na comhthaobhachta;

$H_C$ = an coigeartú luaineachta is iomchuí don chomhthaobhacht, arna ríomh faoi Airteagail 224 agus 227;

$H_{fx}$ = an coigeartú luaineachta is iomchuí do neamhréir airgeadra, arna ríomh faoi Airteagail 224 agus 227.

Úsáidfidh institiúidí an fhoirmle sa mhír seo agus luach na comhthaobhachta arna choigeartú de réir na luaineachta á ríomh acu le haghaidh gach idirbhirt seachas na hidirbhearta sin atá faoi réir mháistir-chomhaontuithe glanluachála aitheanta a bhfuil feidhm ag na forálacha a leagtar amach in Airteagail 220 agus 221 maidir leo.

3. Ríomhfaidh institiúidí luach na risíochta arna choigeartú de réir na luaineachta($C_{VA}$) nach mór dóibh a chur san áireamh mar a leanas:

$$E_{VA} = E \cdot \left(1 + H_E\right)$$

▼B

nuair atá:

E = luach na risíochta mar a chinnfí é faoi Chaibidil 2 nó faoi Chaibidil 3 de réir mar is infheidhme, i gcás nach raibh an risíocht comhthaobhaithe;

$H_E$ = an coigeartú luaineachta is iomchuí don neamhchosaint, arna ríomh faoi Airteagail 2224 agus 227.

▼M8

I gcás idirbheart díorthach thar an gcuntar, déanfaidh institiúidí a mbíonn an modh a leagtar síos i Roinn 6 de Chaibidil 6 á úsáid acu $E_{VA}$ a ríomh mar a leanas:

$$E_{VA} = E.$$

▼B

4. Chun críocha E a ríomh i mír 3, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) i gcás institiúidí a ríomhann méideanna risíochta a ualaítear ó thaobh priacal faoin gCur Chuige Caighdeánaithe, beidh luach risíochta ítime lasmuigh den chlár comhardaithe a liostaítear in Iarscríbhinn I cothrom le 100 % de luach na hítime sin seachas a bheith cothrom le luach na risíochta a shonraítear in Airteagal 111(1);

(b) maidir le hinstitiúidí a ríomhann méideanna risíochta a ualaítear ó thaobh priacal faoin gCur Chuige IRB, ríomhfaidh siad luach risíochta na n-ítimí a liostaíteara liostaítear in Airteagal 166(8) go (10) trí fhachtóir coinbhéartachta 100 % a úsáid seachas na fachtóirí coinbhéartachta nó na céatadáin a shonraítear sna míreanna sin.

5. Ríomhfaidh institiúidí luach na risíochta lánchoigeartaithe (E*), agus éifeachtaí luaineachta agus maolaithe priacal na comhthaobhachta á gcur san áireamh mar a leanas:

$$E^{*} = \max\ \{0,\ E_{VA} - C_{VAM}\}$$

nuair atá:

$E_{VA}$ = luach na risíochta arna choigeartú de réir na luaineachta mar a ríomhadh é i mír 3;

$C_{VAM}$ = $C_{VA}$ arna choigeartú tuilleadh le haghaidh aisioncronacht aibíochta ar bith i gcomhréir le forálacha Roinn 5;

▼M8

I gcás idirbheart díorthach thar an gcuntar, déanfaidh institiúidí a mbíonn na modhanna a leagtar síos i Roinn 3, i Roinn 4 agus i Roinn 5 de Chaibidil 6 á n-úsáid acu, éifeachtaí maolaithe priacail na comhthaobhachta a chur san áireamh i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos i Ranna 3, 4 agus 5 de Chaibidil 6, de réir mar is infheidhme.

▼B

6. Féadfaidh institiúidí coigeartuithe luaineachta a ríomh tríd an gCur Chuige Maoirseachta maidir le Coigeartuithe Luaineachta dá dtagraítear in Airteagal 224 nó tríd an gCur Chuige bunaithe ar a Meastacháin Féin dá dtagraítear in Airteagal 225 a úsáid.

Féadfaidh institiúid an Cur Chuige Maoirseachta maidir le Coigeartuithe Luaineachta nó an Cur Chuige bunaithe ar a Meastacháin Féin a úsáid is cuma cé acu an Cur Chuige Caighdeánaithe nó an Cur Chuige IBR atá roghnaithe acu chun na méideanna risíochta a ualaítear ó thaobh priacal a ríomh.

▼B

Mar sin féin, i gcás ina n-úsáideann institiúid an Cur Chuige bunaithe ar a Meastacháin Féin, déanfaidh sí amhlaidh do raon iomlán na gcineálacha ionstraime, gan punanna neamhábhartha a áireamh mar a bhféadfaidh sí an Cur Chuige Maoirseachta maidir le Coigeartuithe Luaineachta a úsáid.

7. Mar a bhfuil an chomhthaobhacht comhdhéanta de roinnt ítimí incháilithe, ríomhfaidh institiúidí an coigeartú luaineachta (H) mar a leanas:

$$H = \sum_i a_i H_i$$

nuair atá:

$a_i$ = an cion de luach na hítime incháilithe i luach iomlán na comhthaobhachta;

$H_i$ = an coigeartú luaineachta is infheidhme maidir leis an ítim incháilithe i. An bhféadfadh na dlítheangeolaithe a áirithiú gur i bhfoscript atá an "i" a thagann i ndiaidh an H]

*Airteagal 224*

**Coigeartú luaineachta de réir maoirseachta faoin Modh Cuimsitheach Comhthaobhach Airgeadais**

1. Is iad na coigeartuithe luaineachta a bheidh le cur i bhfeidhm ag institiúidí faoin gCur Chuige Maoirseachta maidir le Coigeartuithe Luaineachta, ag glacadh leis go ndéantar athluacháil laethúil, iad sin a leagtar amach i dTáblaí 1 go 4 den mhír seo.

COIGEARTUITHE LUAINEACHTA

*Tábla 1*

| An chéim den cháilíochta chreidmheasa lena mbaineann an measúnú creidmheasa ar an urrús fiachais. | Aibíocht Iarmhair | Coigeartuithe luaineachta le haghaidh urrús fiachais arna n-eisiúint ag eintitis a bhfuil cur síos orthu in Airteagal 197(1)(b) | | | Coigeartuithe luaineachta le haghaidh urrús fiachais arna n-eisiúint ag eintitis a bhfuil cur síos orthu in Airteagal 197(1)(c) agus (d) | | | Coigeartuithe luaineachta le haghaidh suíomh urrúsúcháin agus a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 197(1)(h) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | tréimhse leachtaithe 20 lá (%) | tréimhse leachtaithe 10 lá (%) | tréimhse leachtaithe 5 lá (%) | tréimhse leachtaithe 20 lá (%) | tréimhse leachtaithe 10 lá (%) | tréimhse leachtaithe 5 lá (%) | tréimhse leachtaithe 20 lá (%) | tréimhse leachtaithe 10 lá (%) | tréimhse leachtaithe 5 lá (%) |
| 1 | ≤ 1 bhliain | 0,707 | 0,5 | 0,354 | 1,414 | 1 | 0,707 | 2,829 | 2 | 1,414 |
| | > 1 ≤ 5 bliana | 2,828 | 2 | 1,414 | 5,657 | 4 | 2,828 | 11,314 | 8 | 5,657 |
| | > 5 bliana | 5,657 | 4 | 2,828 | 11,314 | 8 | 5,657 | 22,628 | 16 | 11,313 |
| 2-3 | ≤ 1 bhliain | 1,414 | 1 | 0,707 | 2,828 | 2 | 1,414 | 5,657 | 4 | 2,828 |
| | > 1 ≤ 5 bliana | 4,243 | 3 | 2,121 | 8,485 | 6 | 4,243 | 16,971 | 12 | 8,485 |
| | > 5 bliana | 8,485 | 6 | 4,243 | 16,971 | 12 | 8,485 | 33,942 | 24 | 16,970 |
| 4 | ≤ 1 bhliain | 21,213 | 15 | 10,607 | + Neamh bhainteach | Neamh bhainteach | Neamh bhainteach | Neamh bhainteach | Neamh bhainteach | Neamh bhainteach |
| | > 1 ≤ 5 bliana | 21,213 | 15 | 10,607 | Neamh bhainteach | Neamh bhainteach | Neamh bhainteach | Neamh bhainteach | Neamh bhainteach | Neamh bhainteach |
| | > 5 bliana | 21,213 | 15 | 10,607 | Neamh bhainteach | Neamh bhainteach | Neamh bhainteach | Neamh bhainteach | Neamh bhainteach | Neamh bhainteach |

▼B

*Tábla 2*

| An chéim den cháilíochta chreidmheasa lena bhfuil baint ag measúnú creidmheasa ar urrús fiachais gearrthéarmach | Coigeartuithe luaineachta le haghaidh urrús fiachais arna n-eisiúint ag eintitis a bhfuil cur síos orthu in Airteagal 197(1)(b) a ngabhann measúnuithe creidmheasa gearrthéarmacha leo | | | Coigeartuithe luaineachta le haghaidh urrús fiachais arna n-eisiúint ag eintitis a bhfuil cur síos orthu in Airteagal 197(1)(c) agus (d) a ngabhann measúnuithe creidmheasa gearrthéarmacha leo | | | Coigeartuithe luaineachta le haghaidh suíomh urrúsúcháin agus a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 197(1)(h) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | tréimhse leachtaithe 20 lá (%) | tréimhse leachtaithe 10 lá (%) | tréimhse leachtaithe 5 lá (%) | tréimhse leachtaithe 20 lá (%) | tréimhse leachtaithe 10 lá (%) | tréimhse leachtaithe 5 lá (%) | tréimhse leachtaithe 20 lá (%) | tréimhse leachtaithe 10 lá (%) | tréimhse leachtaithe 5 lá (%) |
| 1 | 0,707 | 0,5 | 0,354 | 1,414 | 1 | 0,707 | 2,829 | 2 | 1,414 |
| 2-3 | 1,414 | 1 | 0,707 | 2,828 | 2 | 1,414 | 5,657 | 4 | 2,828 |

*Tábla 3*

**Cineálacha eile comhthaobhachta nó risíochta**

| | tréimhse leachtaithe 20 lá (%) | tréimhse leachtaithe 10 lá (%) | tréimhse leachtaithe 5 lá (%) |
|---|---|---|---|
| Cothromais Phríomhinnéacs, Bannaí In-chomhshóite Príomhinnéacs | 21,213 | 15 | 10,607 |
| Cothromas eile nó Bannaí In-chomhshóite a liostaíteara liostaítear ar mhalartán aitheanta | 35,355 | 25 | 17,678 |
| Airgead tirim | 0 | 0 | 0 |
| Ór | 21,213 | 15 | 10,607 |

*Tábla 4*

**Coigeartú luaineachta le haghaidh neamhréire airgeadra**

| tréimhse leachtaithe 20 lá (%) | tréimhse leachtaithe 10 lá (%) | tréimhse leachtaithe 5 lá (%) |
|---|---|---|
| 11,314 | 8 | 5,657 |

2. Beidh ríomh na gcoigeartuithe luaineachta i gcomhréir le mír 1 faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) i gcás idirbheart iasachta urraithe beidh an tréimhse leachtaithe cothrom le 20 lá gnó;

(b) i gcás idirbheart athcheannaigh, ach amháin a mhéid is a bhaineann na hidirbhearta sin le haistriú na dtráchtearraí nó na gceart faoi ráthaíocht a bhaineann le teideal chun tráchtearraí, agus idirbhearta maidir le hurrúis a iasachtú nó a fháil ar iasacht, beidh an tréimhse leachtaithe cothrom le 5 lá gnó;

(c) i gcás idirbheart caipitil eile faoi thionchar an mhargaidh, beidh an tréimhse leachtaithe cothrom le 10 lá gnó;

I gcás ina bhfuil idirbheart nó tacar glanluachála ag institiúid trína gcomhlíontar na critéir a leagtar amach in Airteagal 285(2), (3) agus (4), beidh an íostréimhse shealbhaíochta i gcomhréir leis an tréimhse corrlaigh faoi phriacal a bheadh i bhfeidhm faoi na míreanna sin.

▼B

3. I dTáblaí 1 go 4 de mhír 1 agus i míreanna 4 go 6, is ionann an chéim den cháilíocht chreidmheasa lena mbaineann measúnú creidmheasa ar an urrús fiachais agus an chéim den cháilíocht chreidmheasa lena gcinneann ÚBE an measúnú creidmheasa a bheidh le comhcheangal faoi Chaibidil 2.

Ar mhaithe leis an gcéim den cháilíocht chreidmheasa lena mbaineann measúnú creidmheasa ar an urrús fiachais dá dtagraítear san chéad fhomhír a chinneadh, tá feidhm ag Airteagal 197(7) chomh maith.

4. I gcás urrús neamhcháilithe nó tráchtearraí arna n-iasachtú nó arna ndíol faoi idirbhearta athcheannaigh nó idirbhearta maidir le hurrúis nó tráchtearraí a iasachtú nó a fháil ar iasacht, baineann an coigeartú luaineachta céanna leo is a bhaineann leis an gcothromas neamh-phríomhinnéacs a liostaítear ar mhalartán aitheanta.

5. I gcás aonaid incháilithe i GCanna, tá an coigeartú luaineachta cothrom leis na meánchoigeartuithe luaineachta ualaithe a mbeadh feidhm acu, ag féachaint do thréimhse leachtaithe an idirbhirt a shonraítear i mír 2, maidir leis na sócmhainní inar infheistigh an ciste.

I gcás nach eol don institiúid cad iad na sócmhainní inar infheistigh an ciste, tá an coigeartú luaineachta cothrom leis an gcoigeartú luaineachta is airde a mbeadh feidhm aige maidir le ceann ar bith de na sócmhainní a bhfuil sé de cheart ag an gciste infheistiú iontu.

▼M9

6. I gcás urrúis fiachais gan rátáil arna n-eisiúint ag institiúidí nó gnólachtaí infheistíochta agus a chomhlíonann na critéir incháilitheachta in Airteagal 197(4), is ionann an coigeartú luaineachta agus an coigeartú luaineachta a dhéantar ar urrúis arna n-eisiúint ag institiúidí nó ag corparáidí a bhfuil measúnú creidmheasa seachtrach acu a bhaineann le céim 2 nó 3 den cháilíocht chreidmheasa.

▼B

*Airteagal 225*

**A meastacháin féin ar choigeartuithe luaineachta faoin Modh Cuimsitheach Comhthaobhach Airgeadais**

1. Tabharfaidh na húdaráis inniúla cead d'institiúidí a meastacháin luaineachta féin a úsáid chun na coigeartuithe luaineachta a bheidh le cur i bhfeidhm maidir le comhthaobhacht agus risíochtaí a ríomh i gcás ina gcomhlíonfaidh na hinstitiúidí sin na ceanglais a leagtar amach i míreanna 2 agus 3. Institiúidí a mbeidh cead faighte acu a meastacháin luaineachta féin a úsáid, ní rachaidh siad i muinín modhanna eile arís ach amháin má léiríonn siad cúis mhaith a bheith leis sin agus beidh sé faoi réir chead na n-údarás inniúil.

I gcás urrús fiachais ag a bhfuil measúnú creidmheas ó IMCS atá coibhéiseach le grád infheistíochta nó níos airde, féadfaidh institiúidí meastachán luaineachta a ríomh do gach catagóir den urrús.

I gcás urrús fiachais ag bhfuil measúnú creidmheas ó IMCS atá coibhéiseach le grád infheistíochta nó níos ísle ná sin, agus i gcás gach comhthaobhachta incháilithe eile, féadfaidh institiúidí na coigeartuithe luaineachta a ríomh maidir le gach ítim ar leith.

Déanfaidh institiúidí a úsáideann an Cur Chuige bunaithe ar a Meastacháin féin luaineacht na comhthaobhachta nó na neamhréire malairte eachtraí a mheas gan comhghaoil ar bith idir an t-urrús neamhurraithe, an chomhthaobhacht nó rátaí malairte a chur san áireamh.

▼B

Agus catagóirí ábhartha á gcinneadh, cuirfidh institiúidí cineál eisitheora an urrúis, measúnú creidmheasa seachtrach na n-urrús, a n-aibíocht iarmhair, agus a marthanacht leasaithe san áireamh. Beidh na meastacháin luaineachta ionadaíoch do na hurrúis a bheidh curtha ar áireamh sa chatagóir ag an institiúid.

2. Beidh ríomh na gcoigeartuithe luaineachta faoi réir na gcritéar seo a leanas ar fad:

(a) bunóidh institiúidí an ríomh ar eatramh muiníne aonfhoircneach 99ú peircintíl;

(b) bunóidh institiúidí an ríomh ar na tréimhse leachtaithe seo a leanas:

(i) 20 lá gnó i gcás idirbhearta iasachta urraithe;

(ii) 5 lá gnó i gcás idirbhearta athcheannaigh, ach amháin a mhéid a bhaineann na hidirbhearta sin le haistriú na dtráchtearraí nó na gceart faoi ráthaíocht a bhaineann le teideal chun idirbheart maidir le hurrúis nó tráchtearraí a iasachtú nó a fháil ar iasacht;

(iii) 10 lá gnó i gcás idirbheart caipitil eile faoi thionchar an mhargaidh;

(c) féadfaidh institiúidí uimhreacha coigeartúcháin luaineachta a úsáid arna ríomh de réir tréimhsí leachtaithe níos giorra nó níos faide, arna méadú nó arna laghdú ó scála ar an tréimhse leachtaithe a leagtar amach i bpointe (b) maidir leis an gcineál idirbhirt atá i gceist, ag úsáid na foirmle um fhréamh chearnach ama:

$$H_M = H_N \cdot \sqrt{\frac{T_M}{T_N}}$$

nuair atá:

$T_M$ = an tréimhse leachtaithe iomchuí;

$H_M$ = an coigeartú luaineachta arna bhunú ar an tréimhse leachtaithe $T_M$;

$H_N$ = an coigeartú luaineachta arna bhunú ar an tréimhse leachtaithe $T_N$.

(d) cuirfidh institiúidí neamhleachtacht na sócmhainní ísealcháilíochta san áireamh. Déanfaidh siad an tréimhse leachtaithe a choigeartú in airde i gcásanna ina bhfuil amhras faoi leachtacht na comhthaobhachta. Ina theannta sin sainaithneoidh siad cásanna ina bhféadfadh an luaineacht fhéideartha bheith measta faoi bhun an chirt sna sonraí stairiúla. Déileálfar le cásanna den sórt sin le cás struis;

(e) beidh fad na tréimhse breathnóireachta stairiúla a úsáideann institiúidí chun coigeartuithe luaineachta a ríomh cothrom le bliain amháin ar a laghad. I gcás institiúidí a úsáideann scéim ualaithe nó modhanna eile don tréimhse bhreathnóireachta stairiúil, beidh fad na tréimhse breathnóireachta éifeachtaí cothrom le bliain amháin ar a laghad. Féadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal ar institiúid a coigeartuithe luaineachta a ríomh ag úsáid tréimhse bhreathnóireachta níos giorra i gcás ina bhfuil údar leis sin, dar leis na húdaráis inniúla, mar gheall ar bhorradh suntasach i luaineacht praghsanna;

▼B

(f) déanfaidh institiúidí a dtacair shonraí a nuashonrú agus ríomhfaidh siad coigeartuithe luaineachta uair amháin gach trí mhí ar a laghad. Déanfaidh siad athmheasúnú ar a dtacair shonraí chomh maith nuair a bheidh praghsanna an mhargaidh faoi réir athruithe ábhartha.

3. Déanfar na critéir cháilíochtúla seo a leanas a chomhlíonadh maidir leis na coigeartuithe luaineachta a mheas:

(a) úsáidfidh institiúidí na meastacháin luaineachta sa phróiseas bainistithe priacal ó lá go lá agus maidir lena teorainneacha inmheánacha risíochta chomh maith.

(b) i gcás ina bhfuil an tréimhse leachtaithe a úsáideann institiúid ina próiseas bainistithe priacal ó lá go lá níos faide ná an tréimhse a leagtar amach sa Roinn seo le haghaidh an chineáil idirbhirt atá i gceist, déanfaidh an institiúid sin a coigeartuithe luaineachta a mhéadú ó scála i gcomhréir leis an bhfoirmle um fhréamh chearnach ama a leagtar amach i bpointe (c) de mhír 2;

(c) beidh nósanna imeachta i bhfeidhm ag institiúid le faireachán a dhéanamh ar shraith dhoiciméadaithe de bheartais agus rialuithe inmheánacha a bhaineann le feidhmiú a córais chun coigeartuithe luaineachta a mheas agus chun na coigeartuithe luaineachta sin a chomhtháthú lena próiseas bainistithe priacal agus lena áirithiú go gcomhlíonfar na beartais agus na rialuithe sin;

(d) déanfar athbhreithniú neamhspleách ar chóras na hinstitiúide chun coigeartuithe luaineachta a mheas ar bhonn rialta laistigh de phróiseas iniúchóireachta inmheánach na hinstitiúide féin. Déanfar athbhreithniú ar an gcóras iomlán chun coigeartuithe luaineachta a mheas agus chun na meastacháin sin a chomhtháthú le próiseas bainistithe priacal na hinstitiúide uair amháin sa bhliain ar a laghad. Cuimseofar na gnéithe seo a leanas ar a laghad san athbhreithniú sin:

   (i) comhtháthú na mbeart CCR le bainistíocht laethúil priacal;

   (ii) bailíochtú aon athraithe shuntasaigh ar an bpróiseas chun coigeartuithe luaineachta a mheas;

   (iii) fíorú ar chomhsheasmhacht, ar thráthúlacht agus ar iontaofacht na bhfoinsí sonraí a úsáidtear chun samhlacha a rith d'fhonn coigeartuithe luaineachta a mheas, lena n-áirítear neamhspleáchas na bhfoinsí sonraí sin;

   (iv) cruinneas agus oiriúnacht na dtoimhdí luaineachta.

*Airteagal 226*

**Coigeartú luaineachta a mhéadú ó scála faoin Modh Cuimsitheach Comhthaobhach Airgeadais**

Is iad na coigeartuithe luaineachta a leagtar amach in Airteagal 224 na coigeartuithe luaineachta a chuirfidh institiúid i bhfeidhm i gcás ina ndéantar athluacháil laethúil. Mar an gcéanna, i gcás ina n-úsáideann institiúid a meastacháin féin ar na coigeartuithe luaineachta i gcomhréir le hAirteagal 225, ríomhfaidh sí iad sa chéad dul síos ar bhonn na hathluachála laethúla. I gcás nach ndéantar an athluacháil gach lá, cuirfidh institiúidí coigeartuithe luaineachta níos mó i bhfeidhm. Ríomhfaidh institiúidí iad trí choigeartuithe luaineachta na hathluachála laethúla a mhéadú ó scála, ag úsáid na foirmle um fhréamh chearnach ama a leanas:

▼B

$$H = H_M \cdot \sqrt{\frac{N_R + (T_M - 1)}{T_M}}$$

nuair atá:

H = an coigeartú luaineachta atá le cur i bhfeidhm;

$H_M$ = an coigeartú luaineachta i gcás ina ndéantar athluacháil laethúil;

$N_R$ = líon iarbhír na laethanta gnó idir athluachálacha;

$T_M$ = an tréimhse leachtaithe don chineál idirbhirt lena mbaineann.

*Airteagal 227*

**Coinníollacha maidir le coigeartú luaineachta 0 % a chur i bhfeidhm faoin modh Cuimsitheach Comhthaobhach Airgeadais**

1. I gcás idirbheart athcheannaigh agus idirbheart maidir le hurrúis a iasachtú nó a fháil ar iasacht, i gcás ina n-úsáideann institiúid an Cur Chuige Maoirseachta maidir le Coigeartuithe Luaineachta faoi Airteagal 224 nó an Cur Chuige bunaithe ar a Meastacháin Féin faoi Airteagal 225 agus i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i bpointí (a) go (h) de mhír 2, féadfaidh institiúidí coigeartú luaineachta 0 % a chur i bhfeidhm in ionad na gcoigeartuithe luaineachta arna ríomh faoi Airteagail 224 go 226 a chur i bhfeidhm. Ní úsáidfidh institiúidí a úsáideann cur chuige na samhlacha inmheánacha a leagtar amach in Airteagal 221 an láimhseáil a leagtar amach san Airteagal seo.

2. Féadfaidh institiúidí coigeartú luaineachta 0 % a chur i bhfeidhm i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas ar fad:

(a) Urrúis in airgead tirim nó urrúis fiachais arna n-eisiúint ag rialtas láir nó ag bainc cheannais incháilithe is ea an risíocht agus an chomhthaobhacht de réir bhrí Airteagal 197(1)(b) agus cáilíonn siad d'ualú priacal 0 % faoi Chaibidil 2;

(b) tá an risíocht agus an chomhthaobhacht araon ainmnithe san airgeadra céanna;

(c) ní faide ná lá amháin aibíocht an idirbhirt nó tá an risíocht agus an chomhthaobhacht araon faoi réir marcáil laethúil ón margadh nó ataisceadh laethúil;

(d) ní faide ná ceithre lá gnó an tréimhse idir an mharcáil laethúil dheireanach ón margadh sular mhainnigh an contrapháirtí ataisceadh a déanamh agus leachtú na comhthaobhachta;

(e) socraítear an t-idirbheart i gcóras socraíochta atá cruthaithe don chineál sin idirbhirt;

(f) is é atá sa doiciméadacht ina gcuimsítear an comhaontú nó an t-idirbheart an doiciméadacht mhargaidh chaighdeánach le haghaidh idirbheart athcheannaigh nó idirbheart maidir le hurrúis a iasachtú nó a fháil ar iasacht laistigh de na hurrúis lena mbaineann;

▼B

(g) tá an t-idirbheart faoi rialú ag doiciméadacht ina sonraítear gur féidir an t-idirbheart a fhoirceannadh láithreach i gcás ina mainníonn an contrapháirtí oibleagáid a chomhlíonadh maidir le hairgead tirim nó urrúis nó corrlach a sheachadadh nó má mhainníonn sé ar shlí eile;

(h) measann na húdaráis inniúla gur príomhpháirtí sa mhargadh é an contrapháirtí.

3. Áireofar ar na príomhpháirtithe sa mhargadh dá dtagraítear i bpointe (h) de mhír 2 na heintitis seo a leanas:

(a) na heintitis atá luaite in Airteagal 197(1)(b), risíochtaí dá sanntar ualú priacal 0 % faoi Chaibidil 2;

(b) institiúidí;

▼M9

(ba) gnólachtaí infheistíochta;

▼B

(c) gnóthais airgeadais eile de réir bhrí phointe 25(b) agus phointe 25(d) d'Airteagal 13 de Threoir 2009/138/CE a sanntar ualú priacal 20 % do risíochtaí orthu faoin gCur Chuige Caighdeánaithe nó, i gcás institiúidí a ríomhann méideanna risíochta a ualaítear ó thaobh priacal agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh de réir an Chuir Chuige IRB, nach bhfuil measúnú creidmheasa acu ó IMCS aitheanta agus atá rátáilte go hinmheánach ag an institiúid.

(d) GCanna rialáilte atá faoi réir riachtanais chaipitil nó luamhánachta;

(e) cistí pinsean rialáilte;

(f) eagraíochtaí aitheanta imréitigh.

*Airteagal 228*

**Méideanna risíochta a ualaítear ó thaobh priacal agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh a ríomh faoin modh Cuimsitheach Comhthaobhach Airgeadais**

1. Faoin gCur Chuige Caighdeánaithe, úsáidfidh institiúidí E* arna ríomh faoi Airteagal 223(5) mar luach na risíochta chun críocha Airteagal 113. I gcás ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe a liostaítear in Iarscríbhinn 1, úsáidfidh institiúidí E* mar an luach a bhfuil na céatadáin a shonraítear in Airteagal 111(1) le cur i bhfeidhm maidir leis chun luach na risíochta a ríomh.

2. Faoin gCur Chuige IRB, úsáidfidh institiúidí an LGD iarbhír (LGD*) mar an LGD chun críocha Chaibidil 3. Déanfaidh institiúidí LGD* a ríomh mar a leanas:

$$LGD^* = LGD \cdot \frac{E^*}{E}$$

nuair atá:

LGD = an LGD a mbeadh feidhm aige maidir leis an risíocht faoi Chaibidil 3 áit nach raibh an risíocht comhthaobhaithe;

▼B

E = luach na risíochta i gcomhréir le hAirteagal 223(3);

E* = luach na risíochta lánchoigeartaithe i gcomhréir le hAirteagal 223(5).

*Airteagal 229*

**Prionsabail luachála do chomhthaobhacht incháilithe eile faoin gCur Chuige IRB**

1. I gcás comhthaobhachta maoine, déanfaidh luachálaí neamhspleách an chomhthaobhacht a luacháil ar an margadhluach nó níos ísle ná an margadhluach. Ceanglóidh institiúid ar an luachálaí neamhspleách an margadhluach a dhoiciméadú ar mhodh trédhearcach soiléir.

►C2 Sna Ballstáit sin a bhfuil critéir dhiana leagtha síos acu chun measúnú a dhéanamh ar an luach iasachta morgáiste i bhforálacha reachtúla nó rialúcháin, féadfaidh luachálaí neamhspleách an mhaoin chónaithe a luacháil ina ionad ar an luach iasachta morgáiste nó ar níos ísle ná an luach iasachta morgáiste. ◄ Éileoidh institiúidí nach n-áireoidh an luachálaí neamhspleách gnéithe amhantracha le linn dó an luach iasachta morgáiste a ríomh agus go ndéanfaidh sé an luach sin a dhoiciméadú ar mhodh trédhearcach agus soiléir.

Beidh luach na comhthaobhachta cothrom leis an margadhluach nó leis an luach iasachta morgáiste arna laghdú de réir mar is iomchuí d'fhonn ►C2 torthaí an fhaireacháin a cheanglaítear faoi Airteagal 208(3) a léiriú, agus d'fhonn aon éileamh tosaíochta ar an maoin dhochorraithe a áireamh. ◄

2. I gcás earraí infhaighte, beidh luach na n-earraí infhaighte cothrom leis an méid is infhaighte.

3. Déanfaidh institiúidí comhthaobhacht fhisiceach seachas maoin dhochorraithe a luacháil ar a margadhluach. Chun críocha an Airteagail seo, is ionann an margadhluach agus an méid measta ar a ndéanfaí an mhaoin a mhalartú dáta na luachála idir ceannaitheoir toilteanach agus díoltóir toilteanach in idirbheart ar neamhthuilleamaí.

*Airteagal 230*

**Méideanna risíochta a ualaítear ó thaobh priacal agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh i leith comhthaobhachta incháilithe eile faoin gCur Chuige IRB**

1. Úsáidfidh institiúidí LGD *arna ríomh i gcomhréir leis an mír seo agus mír 2 mar an LGD chun críocha Chaibidil 3.

I gcás ina bhfuil an cóimheas idir luach na comhthaobhachta (C) agus luach na risíochta (E) faoin íosleibhéal is gá ó thaobh urrús comhthaobhach a sholáthar i leith na risíochta (C*) mar a leagtar síos i dTábla 5, is é LGD*an LGD a leagtar síos i gCaibidil 3 le haghaidh risíochtaí neamh-chomhthaobhaithe ar an gcontrapháirtí. Chun na críocha seo, ríomhfaidh institiúidí luach risíochta na n-ítimí a liostaítear in Airteagail 166(8) go (10) trí fhachtóir coinbhéartachta nó trí chéatadán de 100 % a úsáid seachas na fachtóirí coinbhéartachta nó na céatadáin a shonraítear sna míreanna sin.

▼B

Sa chás gur mó an cóimheas idir luach na comhthaobhachta agus luach na risíochta ná leibhéal tairsí C** eile atá níos airde mar a leagtar síos i dTábla 5, beidh LGD* leagtha síos i dTábla 5 sa chás sin.

Sa chás nach mbaintear amach an leibhéal de sholáthar urrúis chomhthaobhaigh C** is gá i leith na risíochta ina hiomláine, measfaidh institiúidí gur dhá risíocht atá sa risíocht — ceann amháin a chomhfhreagraíonn don chuid a mbaintear amach an leibhéal is gá ó thaobh urrús comhthaobhach a sholáthar C** ina leith agus ceann eile a chomhfhreagraíonn don chuid eile.

2. Tá leagtha amach i dTábla 5 den mhír seo an LGD* is infheidhme agus na leibhéil de sholáthar urrúis chomhthaobhaigh is gá i leith codanna urraithe na risíochtaí.

*Tábla 5*

**LGD íosta le haghaidh codanna urraithe de risíochtaí**

| | LGD* le haghaidh risíochta shinsearaigh | LGD* le haghaidh fo-risíochtaí | Íosleibhéal is gá ó thaobh urrús comhthaobhach a sholáthar i leith na risíochta (C*) | Íosleibhéal is gá ó thaobh urrús comhthaobhach a sholáthar i leith na risíochta (C**) |
|---|---|---|---|---|
| Earraí infhaighte | 35 % | 65 % | 0 % | 125 % |
| ►C2 Maoin chónaithe/ maoin tráchtála dhochorraithe ◄ | 35 % | 65 % | 30 % | 140 % |
| Comhthaobhacht eile | 40 % | 70 % | 30 % | 140 % |

3. Mar mhalairt ar an láimhseáil a leagtar amach i míreanna 1 agus 2, agus faoi réir Airteagal 124(2), féadfaidh institiúidí ualú priacal 50 % a shannadh don chuid den risíocht atá ►C2 lánchomhthaobhaithe le maoin chónaithe nó le maoin tráchtála dhochorraithe atá lonnaithe laistigh de chríoch Ballstáit i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha ar fad in Airteagal 199(3) nó (4). ◄

*Airteagal 231*

**Méideanna risíochta a ualaítear ó thaobh priacal agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh i gcás comhthiomsuithe measctha comhthaobhachta**

1. Ríomhfaidh institiúid luach an LGD * a úsáidfidh sí mar an LGD chun críocha Chaibidil 3 i gcomhréir le míreanna 2 agus 3 i gcás ina gcomhlíonfar an dá choinníoll seo a leanas:

(a) úsáideann an institiúid an Cur Chuige IBR d'fhonn méideanna risíochta a ualaítear ó thaobh priacal agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh a ríomh;

(b) tá risíocht comhthaobhaithe le comhthaobhacht airgeadais agus le comhthaobhacht incháilithe araon.

2. Maidir le luach na risíochta arna choigeartú i bhfianaise na luaineachta, arna fháil tríd an gcoigeartú luaineachta a leagtar amach in Airteagal 223(5) a chur i bhfeidhm maidir le luach na risíochta, ceanglófar ar institiúidí é a fhoroinnt ina chodanna ionas gur féidir leo na codanna seo a leanas a fháil de réir mar is infheidhme; an chuid atá faoi chumhdach comhthaobhacht airgeadais incháilithe, an chuid atá faoi chumhdach earraí infhaighte, an chuid atá faoi chumhdach comhthaobhacht maoine dochorraithe tráchtála nó maoine cónaithe, an chuid atá faoi chumhdach comhthaobhacht incháilithe eile, agus an chuid neamhurraithe.

▼B

3. Is i gcomhréir le forálacha iomchuí na Caibidle seo a ríomhfaidh institiúidí LGD* gach cuid den risíocht atá faighte i mír 2 ar leithligh.

*Airteagal 232*

**Cosaint chistithe creidmheasa eile**

1. I gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 212(1), féadfar taiscí le hinstitiúidí tríú páirtí a láimhseáil mar ráthaíocht ón institiúid tríú páirtí.

2. I gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 212(2), déanfaidh institiúidí an cion den risíocht atá comhthaobhaithe le luach géilliúna reatha na bpolasaithe árachais atá curtha i ngeall don institiúid iasachtaí a láimhseáil mar a leanas:

(a) i gcás ina mbeidh an risíocht faoi réir an Chuir Chuige Chaighdeánaigh, déanfar í a ualú ó thaobh priacal ag úsáid na n-ualuithe priacal atá sainithe i mír 3;

(b) i gcás ina bhfuil an risíocht faoi réir an Chuir Chuige IBR ach nach bhfuil sí faoi réir meastacháin na hinstitiúide féin ar LGD, sannfar LGD 40 % di.

Má tharlaíonn neamhréir airgeadra, laghdóidh institiúidí an luach géilliúna reatha i gcomhréir le hAirteagal 233(3), arb é luach na cosanta creidmheasa luach géilliúna reatha an pholasaí árachas saoil.

3. Chun críocha phointe (a) de mhír 2, sannfaidh institiúidí na hualuithe priacal seo a leanas ar bhonn an ualaithe priacal arna shannadh do risíocht neamhurraithe shinsearach ar an ngnóthas a sholáthraíonn an t-árachas saoil:

(a) ualú priacal 20 %, mar a bhfuil ualú priacal 20 % sannta don risíocht neamhurraithe shinsearach ar an ngnóthas a sholáthraíonn an t-árachas saoil;

(b) ualú priacal 35 %, mar a bhfuil ualú priacal 50 % sannta don risíocht neamhurraithe shinsearach ar an ngnóthas a sholáthraíonn an t-árachas saoil;

(c) ualú priacal 70 %, mar a bhfuil ualú priacal 100 % sannta don risíocht neamhurraithe shinsearach ar an ngnóthas a sholáthraíonn an t-árachas saoil;

(d) ualú priacal 150 %, mar a bhfuil ualú priacal 150 % sannta don risíocht neamhurraithe shinsearach ar an ngnóthas a sholáthraíonn an t-árachas saoil;

4. Féadfaidh institiúidí ionstraimí arna n-athcheannach ar iarraidh atá incháilithe faoi Airteagal 200(c) a láimhseáil mar ráthaíocht ón institiúid eisiúna. Beidh luach na cosanta creidmheasa cothrom leis na méideanna seo a leanas:

(a) mar a n-athcheannófar an ionstraim ar a haghaidhluach, beidh luach na cosanta cothrom leis an méid sin;

▼B

(b) mar a n-athcheannófar an ionstraim ar phraghas an mhargaidh, beidh luach na cosanta cothrom le luach na hionstraime arna luacháil ar an dóigh chéanna leis na hurrúis fiachais lena gcomhlíontar na coinníollacha atá in Airteagal 197(4).

Foroinn 2

**Cosaint neamhchistithe creidmheasa**

*Airteagal 233*

**Luacháil**

1. Ar mhaithe le héifeachtaí na cosanta neamhchistithe creidmheasa a ríomh i gcomhréir leis an bhForoinn seo, is éard a bheidh i luach na cosanta neamhchistithe creidmheasa (G) an méid a bhfuil sé geallta ag soláthraí na cosanta a íoc i gcás ina mainníonn an t-iasachtaí nó nach n-íocann sé nó i gcás ina dtarlaíonn teagmhais chreidmheasa shonraithe eile.

2. Más rud é nach n-áirítear mar theagmhas creidmheasa i ndíorthach creidmheasa athchóiriú na hoibleagáide foluití a bhaineann le príomh-shuim, ús nó táillí a mhaitheamh nó a chur ar atráth as a dtig teagmhas caillteanais chreidmheasa, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) i gcás nach mó ná luach na risíochta an méid atá geallta ag soláthraí na cosanta a íoc, déanfaidh institiúidí luach na cosanta creidmheasa arna ríomh faoi mhír 1 a laghdú 40 %;

(b) i gcás ar mó ná luach na risíochta an méid atá geallta ag soláthraí na cosanta a íoc, ní bheidh luach na cosanta creidmheasa níos airde ná 60 % de luach na risíochta.

3. I gcás ina bhfuil an chosaint neamhchistithe creidmheasa ainmnithe in airgeadra atá éagsúil ón airgeadra ina bhfuil an risíocht ainmnithe, laghdóidh institiúidí luach na cosanta creidmheasa trí choigeartú luaineachta a chur i bhfeidhm mar a leanas:

$$G^* = G \cdot (1 - H_{fx})$$

nuair atá:

G* = méid na cosanta creidmheasa arna choigeartú i leith priacal malairte eachtraí,

G* = méid ainmniúil na cosanta creidmheasa;

$H_{fx}$ = an coigeartú luaineachta le haghaidh neamhréire airgeadra ar bith idir an chosaint chreidmheasa agus an oibleagáid fholuiteach arna chinneadh i gcomhréir le mír 4.

I gcás nach bhfuil neamhréir airgeadra ar bith i gceist tá $H_{fx}$ cothrom le nialas.

4. Bunóidh institiúidí na coigeartuithe luaineachta le haghaidh neamhréire airgeadra ar bith ar thréimhse leachtaithe 10 lá gnó, ag glacadh leis go ndéantar athluacháil laethúil, agus féadfaidh siad iad a ríomh bunaithe ar an gcur chuige Maoirseachta maidir le Coigeartuithe Luaineachta nó ar an gCur Chuige bunaithe ar a Meastacháin Féin mar a leagtar amach in Airteagal 224 agus Airteagal 225 faoi seach. Déanfaidh institiúidí na coigeartuithe luaineachta a mhéadú ó scála i gcomhréir le hAirteagal 226.

▼B

*Airteagal 234*

**Méideanna risíochta a ualaítear ó thaobh priacal agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh i gcás cosanta páirtí agus tráinsiú**

I gcás ina n-aistríonn institiúid cuid de priacal na hiasachta i dtráinse amháin nó níos mó, beidh feidhm ag na rialacha a leagtar amach i gCaibidil 5. Féadfaidh institiúidí tairseacha ábharthachta ar íocaíochtaí nach ndéanfar íocaíocht ar bith fúthu a mheas i gcás caillteanais a bheadh coibhéiseach le suímh céadchaillteanais coinnithe agus a chuirfeadh aistriú priacal i dtráinsí faoi deara.

*Airteagal 235*

**Méideanna risíochta a ualaítear ó thaobh priacal a ríomh faoin gCur Chuige Caighdeánaithe**

1. Chun críocha Airteagal 113(3), déanfaidh institiúidí na méideanna risíochta a ualaítear ó thaobh priacal a ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$\max\{0, E - G_A\} \cdot r + G_A \cdot g$$

nuair atá:

E = luach na risíochta i gcomhréir le hAirteagal 111; chun na críche sin, beidh luach risíochta ítime atá lasmuigh den chlár comhardaithe a liostaítear in Iarscríbhinn I cothrom le 100 % dá luach seachas luach na risíochta a shonraítear in Airteagal 106(1);

$G_A$ = méid na cosanta priacal creidmheasa arna ríomh faoi Airteagal 233(3) (G*) arna choigeartú tuilleadh le haghaidh aisioncronachta aibíochta ar bith mar a leagtar síos i Roinn 5;

r = ualú priacal na risíochtaí ar an oibleagáideoir mar a shonraítear faoi Chaibidil 2;

g = ualú priacal na risíochtaí ar sholáthraí na cosanta mar a shonraítear faoi Chaibidil 2.

2. I gcás ar lú an méid cosanta ($G_A$) ná an risíocht (E), ní fhéadfaidh institiúidí an fhoirmle a shonraítear i mír 1 a chur i bhfeidhm ach amháin i gcás ina bhfuil na codanna cosanta agus na codanna risíochta den risíocht ar chomhshinsearacht.

3. Féadfaidh institiúidí an láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 114(4) agus (7) a leathnú chun risíochtaí nó codanna de risíochtaí atá ráthaithe ag an rialtas láir nó ag an mbanc ceannais a chumhdach, i gcás ina bhfuil an ráthaíocht ainmnithe in airgeadra intíre an iasachtaí agus ina bhfuil an risíocht cistithe san airgeadra sin.

*Airteagal 236*

**Méideanna risíochta a ualaítear ó thaobh priacal agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh a ríomh faoin gCur Chuige IRB**

1. I gcás na coda cumhdaithe de luach na risíochta (E), atá bunaithe ar luach coigeartaithe na cosanta creidmheasa GA, chun críocha Roinn 4 de Chaibidil 3, féadfaidh sé gurb é an PD PD sholáthraí na cosanta, nó PD idir PD an iasachtaí agus PD an ráthóra i gcás ina meastar nach dteastaíonn ionadú iomlán. I gcás fo-risíochtaí agus cosanta neamhchistithe neamh-fho-ordaithe, féadfaidh sé gurb é an LGD atá le cur i bhfeidhm ag institiúidí chun críocha Roinn 4 de Chaibidil 3 an LGD a bhaineann le héilimh shinsearacha.

▼B

2. I gcás aon choda neamhchumhdaithe de luach na risíochta (E) is é an PD PD an iasachtaí agus is é an LGD LGD na risíochta foluití.

3. Chun críocha an Airteagail seo, is é $G_A$ luach G* arna ríomh faoi Airteagal 233(3) arna choigeartú tuilleadh le haghaidh aon aisioncronachta aibíochta mar a leagtar síos i Roinn 5. Is é E luach na risíochta arna chinneadh i gcomhréir le Roinn 5 de Chaibidil 3. Chun na críche sin, ríomhfaidh institiúidí luach risíochta na n-ítimí a liostaítear in Airteagal 166(8) go (10) trí fhachtóir coinbhéartachta nó céatadán 100 % a úsáid seachas na fachtóirí coinbhéartachta nó na céatadáin a shonraítear sna míreanna sin.

## Roinn 5

## Aisioncronachtaí aibíochta

### *Airteagal 237*

### Aisioncronacht aibíochta

1. Chun méideanna risíochta a ualaítear ó thaobh priacal a ríomh, tarlaíonn aisioncronacht aibíochta nuair atá aibíocht iarmhair na cosanta creidmheasa níos lú ná aibíocht iarmhair na risíochta faoi chosaint. I gcás ina bhfuil aibíocht iarmhair na cosanta níos lú ná trí mhí agus go bhfuil aibíocht na cosanta níos lú ná aibíocht na risíochta foluití ní cháilíonn an chosaint sin mar chosaint chreidmheasa incháilithe.

2. I gcás ina bhfuil aisioncronacht aibíochta ann, ní cháileoidh an chosaint chreidmheasa mar chosaint chreidmheasa incháilithe i gcás ina gcomhlíonfar ceachtar de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá aibíocht tosaigh na cosanta níos lú ná bliain amháin;

(b) risíocht ghearrthéarmach is ea an risíocht arna sonrú ag na húdaráis inniúla mar risíocht atá faoi réir íosráta ríomha aon lae seachas íosráta ríomha aon bhliana maidir leis an luach aibíochta (M) faoi Airteagal 162(3).

### *Airteagal 238*

### Aibíocht na cosanta creidmheasa

1. Faoi réir uastréimhse cúig bliana, is éard a bheidh in aibíocht iarbhír na cosanta foluití an tréimhse is faide is féidir a bheith fágtha sula mbeidh an oibleagáideoir in ainm a oibleagáidí a chomhlíonadh. Faoi réir mhír 2, is éard a bheidh in aibíocht na cosanta creidmheasa an tréimhse go dtí an dáta is luaithe a bhféadfaidh an chosaint foirceannadh nó a bhféadfar í a fhoirceannadh.

2. I gcás inar féidir an chosaint a fhoirceannadh de rogha dhíoltóir na cosanta, measfaidh institiúidí gurb í aibíocht na cosanta an tréimhse go dtí an dáta is luaithe ar a bhféadfar an rogha sin a fheidhmiú. I gcás inar féidir an chosaint a fhoirceannadh de rogha cheannaitheoir na cosanta agus ina bhfuil dreasacht dhearfach i dtéarmaí an tsocraithe ag túsphointe na cosanta don institiúid an t-idirbheart a ghlaoch roimh an aibíocht chonarthach, glacfaidh institiúid leis gurb í aibíocht na cosanta an tréimhse go dtí an dáta is luaithe ar a bhféadfaí an rogha sin a fheidhmiú; ar shlí eile féadfaidh an institiúid a mheas nach ndéanann rogha den sórt sin difear d'aibíocht na cosanta.

▼B

3. I gcás nach gcuirtear cosc ar dhíorthach creidmheasa foirceannadh sula n-éagfaidh aon tréimhse chairde a bhfuil gá léi chun go dtarlódh mainneachtain ar an oibleagáid fholuiteach mar gheall ar mhainneachtain an méid atá dlite a íoc, laghdóidh institiúidí aibíocht na cosanta le fad na tréimhse cairde.

*Airteagal 239*

**Cosaint a luacháil**

1. I gcás idirbheart atá faoi réir cosanta cistithe creidmheasa faoin Modh Simplí Comhthaobhach Airgeadais, nuair atá aisioncronacht ann idir aibíocht na risíochta agus aibíocht na cosanta, ní cháilíonn an chomhthaobhacht mar chosaint chistithe creidmheasa incháilithe.

2. I gcás idirbheart atá faoi réir cosanta cistithe creidmheasa faoin Modh Cuimsitheach Comhthaobhach Airgeadais, léireoidh institiúidí aibíocht na cosanta creidmheasa agus na risíochta i luach coigeartaithe na comhthaobhachta de réir na foirmle seo a leanas:

$$C_{VAM} = C_{VA} \cdot \frac{t - t^*}{T - t^*}$$

nuair atá:

$C_{VA}$ = luach na comhthaobhachta arna choigeartú de réir luaineachta mar a shonraítear in Airteagal 218(2) nó méid na risíochta, cibé acu **is ísle**;

t = líon na mblianta atá fágtha go dtí dáta aibíochta na cosanta creidmheasa arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 238, nó luach T, cibé acu is ísle;

T = líon na mblianta atá fágtha go dtí dáta aibíochta na cosanta creidmheasa arna ríomh de réir Airteagal 238, nó cúig bliana, cibé acu is ísle;

t* = 0,25.

Úsáidfidh institiúidí $C_{VAM}$mar $C_{VA}$arna choigeartú tuilleadh le haghaidh aisioncronachta aibíochta san fhoirmle chun luach na risíochta atá coigeartaithe go hiomlán (E*) a ríomh mar a leagtar amach in Airteagal 223(5).

3. I gcás idirbheart atá faoi réir cosanta neamhchistithe creidmheasa, léireoidh institiúidí aibíocht na cosanta creidmheasa agus na risíochta i luach coigeartaithe na cosanta creidmheasa de réir na foirmle seo a leanas:

$$G_A = G^* \cdot \frac{t - t^*}{T - t^*}$$

nuair atá:

$G_A$ = G* arna choigeartú i leith aisioncronachta aibíochta ar bith;

G* = méid na cosanta arna choigeartú i leith neamhréire airgeadra ar bith;

▼B

t = líon na mblianta atá fágtha go dtí dáta aibíochta na cosanta creidmheasa arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 238, nó luach T, cibé acu is ísle;

T = líon na mblianta atá fágtha go dtí dáta aibíochta na risíochta arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 238, nó cúig bliana, cibé acu is ísle;

t* = 0,25.

Úsáidfidh institiúidí $G_A$ mar luach na cosanta chun críocha Airteagail 233 go 236.

Roinn 6

**Teicnící bascaeid um maolú priacal creidmheasa**

*Airteagal 240*

**Díorthaigh chreidmheasa don chéad mhainneachtain**

I gcás ina bhfaigheann institiúid cosaint chreidmheasa le haghaidh roinnt risíochtaí faoi na téarmaí go spreagfaidh an chéad mhainneachtain i measc na risíochtaí íocaíocht agus go ndéanfar an conradh a fhoirceannadh mar gheall ar an teagmhas creidmheasa sin, féadfaidh an institiúid leasú a dhéanamh ar ríomh an mhéid risíochta a ualaítear ó thaobh priacal agus, de réir mar is iomchuí, ar ríomh mhéid an chaillteanais ionchasaigh i leith na risíochta, a mbeadh, in éagmais na cosanta creidmheasa, an méid is ísle den mhéid risíochta a ualaítear ó thaobh priacal i gcomhréir leis an gCaibidil seo.

(a) nó i gcás institiúidí a bhfuil an Cur Chuige Caighdeánaithe á úsáid acu, is é an méid risíochta a ualaítear ó thaobh priacal a ríomhfar faoin gCur Chuige Caighdeánaithe;

(b) i gcás institiúidí a bhfuil an Cur Chuige IBR á úsáid acu, beidh an méid risíochta a ualaítear ó thaobh priacal ionann is suim an mhéid risíochta a ualaítear ó thaobh priacal a ríomhtar faoin gCur Chuige IBR móide méid an chaillteanais ionchasaigh atá iolraithe faoi 12.5.

Ní bheidh feidhm ag an láimhseáil a leagtar amach san Airteagal seo ach amháin i gcás ina bhfuil luach na risíochta níos lú ná, nó cothrom le, luach na cosanta creidmheasa.

*Airteagal 241*

**Díorthaigh chreidmheasa don n-ú mainneachtain**

I gcás ina spreagann an n-ú mainneachtain i measc na risíochtaí íocaíocht faoin gcosaint chreidmheasa, ní fhéadfaidh an institiúid atá ag ceannach na cosanta ach an chosaint a bhaineann le ríomh méideanna risíochta a ualaítear ó thaobh priacal agus, de réir mar is iomchuí, le ríomh mhéideanna an chaillteanais ionchasaigh a aithint i gcás ina bhfuarthas cosaint freisin le haghaidh mainneachtain 1 go n-1 nó i gcás gur tharla n-1 mainneachtain cheana. Sna cásanna sin, féadfaidh an institiúid leasú a dhéanamh ar ríomh an mhéid risíochta a ualaítear ó thaobh priacal agus, de réir mar is infheidhme, ar ríomh mhéid an chaillteanais ionchasaigh i leith na risíochta a mbeadh, in éagmais na cosanta creidmheasa, an n-ú méid risíochta is ísle, a ualaítear ó thaobh priacal, mar thoradh air i gcomhréir leis an gCaibidil seo. Déanfaidh institiúidí an n-ú méid is ísle a ríomh mar a shonraítear i bpointí (a) agus (b) d'Airteagal 240.

▼B

Ní bheidh feidhm ag an láimhseáil a leagtar amach san Airteagal seo ach amháin i gcás ina bhfuil luach na risíochta níos lú ná, nó cothrom le, luach na cosanta creidmheasa.

Comhlíonfaidh na risíochtaí uile sa bhascaed na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 204(2) agus in Airteagal 216(1)(d).

▼M5

*CAIBIDIL 5*

***Urrúsú***

Roinn 1

**Sainmhínithe agus critéir maidir le hurrúsuithe simplí trédhearcacha caighdeánaithe**

*Airteagal 242*

**Sainmhínithe**

Chun críocha na Caibidle seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'céadrogha ar cheannach farasbairr' rogha chonarthach lena dtugtar cead don tionscnóir na suíomhanna urrúsúcháin a cheannach sula n-aisíocfar na risíochtaí urrúsaithe uile, cibé acu trí fhuíoll na risíochtaí foluiteacha a athcheannach i gcás urrúsuithe traidisiúnta nó tríd an gcosaint chreidmheasa a fhoirceannadh i gcás urrúsuithe sintéiseacha agus, sa dá chás sin, nuair a bheidh líon na risíochtaí foluiteacha gan íoc ar leibhéal áirithe réamhshonraithe nó faoina bhun;

(2) ciallaíonn 'stráice feabhsaithe creidmheasa úis amháin' sócmhainn laistigh den chlár comhardaithe ar luacháil í ar shreafaí airgid atá gaolmhar le hioncam corrlaigh amach anseo agus ar tráinse is fo-ordaithe í san urrúsú;

(3) ciallaíonn 'saoráid leachtachta' saoráid leachtachta mar a shainmhínítear i bpointe (14) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2017/2402;

(4) ciallaíonn 'suíomh gan rátáil' suíomh urrúsúcháin nach ndearnadh measúnú creidmheasa incháilithe air i gcomhréir le Roinn 4;

(5) ciallaíonn 'suíomh rátáilte' suíomh urrúsúcháin a ndearnadh measúnú creidmheasa incháilithe air i gcomhréir le Roinn 4;

(6) ciallaíonn 'suíomh sinsearach urrúsúcháin' suíomh atá bunaithe nó urrúsaithe ag céadéileamh ar iomlán na risíochtaí foluiteacha, gan beann, chun na gcríoch seo, ar mhéideanna atá dlite faoi chonarthaí díorthach ráta úis nó airgeadra, táillí nó íocaíochtaí comhchosúla eile, agus gan beann ar aon difríocht in aibíocht le haon tráinse sinsearach eile (nó níos mó díobh) lena roinneann an suíomh sin caillteanais ar bhonn pro rata;

(7) ciallaíonn 'comhthiomsú IRB' comhthiomsú de risíochtaí foluiteacha den chineál a bhfuil cead ag an institiúid Cur Chuige IRB a úsáid ina leith agus lenar féidir méideanna risíochtaí atá ualaithe de réir priacail a ríomh i gcomhréir le Caibidil 3 i gcás na risíochtaí sin uile;

▼M5

(8) ciallaíonn ‘comhthiomsú measctha’ comhthiomsú de risíochtaí foluiteacha den chineál a bhfuil cead ag institiúid Cur Chuige IRB a úsáid ina leith agus lenar féidir méideanna risíochta atá ualaithe de réir priacail a ríomh i gcomhréir le Caibidil 3 i gcás cuid de na risíochtaí ach ní i gcás na risíochtaí uile;

(9) ciallaíonn ‘ró-urrúsú comhthaobhach’ aon chineál feabhsaithe creidmheasa lena bpostáiltear risíochtaí foluiteacha ar luach atá os cionn luach na suíomh urrúsúcháin;

(10) Ciallaíonn ‘urrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe’ nó ‘urrúsú STC’ urrúsú a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2017/2402 ;

(11) ciallaíonn ‘clár páipéar tráchtála sócmhainn-bhunaithe’ nó ‘clár ABCP’ clár páipéar tráchtála sócmhainn-bhunaithe nó clár ABCP mar a shainmhínítear i bpointe (7) d’Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2017/2402;

(12) ciallaíonn ‘idirbheart páipéar tráchtála sócmhainn-bhunaithe (ABCP)’ nó ‘idirbheart ABCP’ idirbheart páipéar tráchtála sócmhainn-bhunaithe (ABCP) nó idirbheart ABCP mar a shainmhínítear i bpointe (8) d’Airteagal 2 de Rialachán AE) 2017/2402;

(13) ciallaíonn ‘urrúsú traidisiúnta’ urrúsú traidisiúnta mar a shainmhínítear i bpointe (9) d’Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2017/2402;

(14) ciallaíonn ‘urrúsú sintéiseach’ urrúsú sintéiseach mar a shainmhínítear i bpointe (10) d’Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2017/2402;

(15) ciallaíonn ‘risíocht imrothlach’ risíocht imrothlach mar a shainmhínítear i bpointe (15) d’Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2017/2402;

(16) ciallaíonn ‘foráil maidir le luathamúchadh’ foráil maidir le luathamúchadh mar a shainmhínítear i bpointe 17 d’Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2017/2402;

(17) ciallaíonn ‘tráinse céadchaillteanais’ tráinse céadchaillteanais mar a shainmhínítear i bpointe (18) d’Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2017/2402;

(18) ciallaíonn ‘suíomh urrúsúcháin mezzanine’ suíomh in urrúsú atá faoi réir an tsuímh urrúsúcháin shinsearaigh agus ar sinsearaí é ná an tráinse céadchaillteanais, agus atá faoi réir ualú priacail is ísle ná 1 250 % agus is airde ná 25 % i gcomhréir le Foroinn 2 agus Foroinn 3 de Roinn 3;

(19) ciallaíonn ‘eintiteas cur chun cinn’ aon ghnóthas nó eintiteas a bhunaíonn rialtas láir, réigiúnach, nó áitiúil de chuid Ballstáit, a dheonaíonn iasachtaí cur chun cinn nó a dheonaíonn ráthaíochtaí cur chun cinn, agus arb é is príomhaidhm dó gan brabús a dhéanamh ná an sciar den mhargadh a uasmhéadú ach cuspóirí bheartas poiblí an rialtais sin a chur chun cinn, ar choinníoll, faoi réir rialacha Státchabhrach, go bhfuil oibleagáid ar an rialtas sin bonn eacnamaíoch an ghnóthais a chosaint agus a inmharthanacht a choinneáil ar feadh a shaoil, nó go ráthaíonn rialtas láir, réigiúnach nó áitiúil an Bhallstáit, go díreach nó go hindíreach, ar a laghad 90 % dá chaipiteal bunaidh nó dá chistiú bunaidh nó den iasacht cur chun cinn a dheonaíonn sé;

▼M13

(20) ciallaíonn “barrachas raoin difríochta shintéisigh” barrachas raoin difríochta shintéisigh mar a shainmhínítear i bpointe (29) d’Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2017/2402.

▼M5

*Airteagal 243*

**Critéir le haghaidh Urrúsuithe STC a cháilíonn do láimhseáil dhifreáilte caipitil**

1. Beidh suíomhanna i gclár ABCP nó in idirbheart ABCP a cháilíonn mar shuíomhanna in urrúsú STC incháilithe don láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 260, Airteagal 262 agus Airteagal 264 i gcás ina gcomhlíontar na ceanglais seo a leanas:

(a) maidir leis na risíochtaí foluiteacha, comhlíonfaidh siad, tráth a gcuirfear leis an gclár ABCP iad, chomh fada agus is eol don tionscnóir nó don iasachtóir bunaidh, na coinníollacha maidir lena sannadh, faoin gCur Chuige Caighdeánaithe agus aon mhaolú incháilithe ar phriacal á chur san áireamh, agus beidh acu ualú priacail is cothrom le 75 % nó is ísle ná sin ar bhonn risíocht aonair más risíocht mhiondíola í an risíocht nó 100 % i gcás aon risíochtaí eile; agus

(b) ní mó ná 2 % de luach na risíochtaí uile atá laistigh den chlár ABCP luach risíochta comhiomlánaithe na risíochtaí uile ar oibleagáideoir aonair ar leibhéal an chláir ABCP tráth a gcuirfear na risíochtaí leis an gclár ABCP. Chun críocha an ríomha sin, measfar gur risíochtaí ar oibleagáideoir aonair iasachtaí nó léasanna do ghrúpa cliant atá nasctha le chéile, chomh fada agus is eol don urraitheoir.

▼M9

I gcás earraí infhaighte trádála, ní bheidh feidhm ag pointe (b) den chéad fhomhír má tá priacal creidmheasa na n-earraí infhaighte trádála sin faoi chumhdach iomlán ag cosaint chreidmheasa incháilithe i gcomhréir le Caibidil 4, ar choinníoll gur institiúid, gnólacht infheistíochta, gnóthas árachais nó gnóthas athárachais é soláthraí na cosanta sa chás sin.

▼M5

I dtaca le luachanna léasaithe iarmharacha urrúsaithe, ní bheidh feidhm ag pointe (b) den chéad fhomhír i gcás nach bhfuil na luachanna sin ar ris ar phriacal um athmhaoiniú nó um athcheannach i ngeall ar ghealltanas is infhorghníomhaithe le dlí a thug an tríú páirtí is incháilithe faoi Airteagal 201(1) maidir leis an risíocht sin a athcheannach nó a athmhaoiniú ar shuim réamhchinntithe.

De mhaolú ar phointe (a) den chéad fhomhír, i gcás ina gcuireann an institiúid an fhoráil a leagtar síos in Airteagal 248(3), i bhfeidhm nó inar tugadh cead di úsáid a bhaint as Cur Chuige an Mheasúnaithe Inmheánaigh i gcomhréir le hAirteagal 265, is coibhéiseach le 100 % nó níos lú an t-ualú priacail sin a shannfadh an institiúid sin do shaoráid leachtachta lena gcuimsítear go hiomlán an ABCP a eisítear faoin gclár.

2. Suíomhanna in urrúsú, seachas clár ABCP nó idirbheart ABCP a cháilíonn mar shuíomhanna in urrúsú STC, beidh siad incháilithe maidir leis an láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 260, Airteagal 262 agus Airteagal 264 i gcás ina gcomhlíontar na ceanglais seo a leanas:

(a) níl luach risíochta comhiomlánaithe na risíochtaí uile ar oibleagáideoir aonair sa chomhthiomsú os cionn 2 % de luachanna risíochta na luachanna risíochta gan íoc comhiomlánaithe i gcomhthiomsú na risíochtaí foluiteacha tráth a gcuimsithe san urrúsú. Chun críocha an ríomha sin, measfar gur risíochtaí ar oibleagáideoir aonair iasachtaí nó léasanna do ghrúpa cliant atá nasctha le chéile.

▼M5

I dtaca le luachanna léasaithe iarmharacha urrúsaithe, ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír den phointe seo i gcás nach bhfuil na luachanna sin ar ris ar phriacal um athmhaoiniú nó um athcheannach i ngeall ar ghealltanas is infhorghníomhaithe le dlí a thug tríú páirtí is incháilithe faoi Airteagal 201(1) maidir leis an risíocht sin a athcheannach nó a athmhaoiniú ar shuim réamhchinntithe;

(b) i gcás ina gcomhlíonann na risíochtaí foluiteacha na coinníollacha maidir le sannadh, faoin gCur Chuige Caighdeánaithe tráth a gcuimsithe san urrúsú agus aon mhaolú incháilithe ar phriacal á chur san áireamh, tá an t-ualú priacail cothrom leis an méid seo a leanas nó faoina bhun:

(i) 40 % ar bhonn mheánualú na risíochtaí le haghaidh na punainne i gcás ina bhfuil na risíochtaí ina n-iasachtaí arna n-urrú ag morgáistí cónaithe nó iasachtaí cónaithe atá ráthaithe go hiomlán, amhail dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 129(1);

(ii) 50 % ar bhonn risíocht aonair i gcás inar iasacht arna hurrú ag morgáiste tráchtála í an risíocht;

(iii) 75 % ar bhonn risíocht aonair i gcás inar risíocht mhiondíola í an risíocht;

(iv) i gcás aon risíochtaí eile, 100 % ar bhonn risíocht aonair;

(c) i gcás ina bhfuil feidhm ag pointe (b)(i) agus (b)(ii), ní chuimseofar na hiasachtaí a urraíodh le cearta urrúis ar chéim níos ísle ar shócmhainn áirithe san urrúsú ach amháin i gcás ina bhfuil na hiasachtaí uile a urraíodh le cearta urrúis réamhthosaíochta ar an tsócmhainn sin cuimsithe san urrúsú freisin;

(d) i gcás ina bhfuil feidhm ag pointe (b)(i) den mhír seo, ní bheidh cóimheas iasacht/luach os cionn 100 % ag aon iasacht i gcomhthiomsú na risíochtaí foluiteacha tráth an chuimsithe san urrúsú, arna thomhas i gcomhréir le pointe (d)(i) d'Airteagal 129(1) agus le hAirteagal 229(1).

## Roinn 2

## Aistriú priacail shuntasaigh a aithint

### *Airteagal 244*

### Urrúsú traidisiúnta

1. Féadfaidh institiúid tionscnóra de chuid urrúsú traidisiúnta risíochtaí foluiteacha a eisiamh le linn di méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail agus méideanna an chaillteanais ionchasaigh a ríomh, más ábhartha, i gcás ina gcomhlíontar ceachtar den dá choinníoll seo a leanas:

(a) aistríodh priacal creidmheasa suntasach a bhaineann leis na risíochtaí foluiteacha chuig tríú páirtithe;

(b) cuireann an institiúid tionscnóra ualú priacail 1 250 % i bhfeidhm maidir leis na suíomhanna urrúsúcháin go léir atá ina seilbh laistigh den urrúsú nó asbhaineann sí na suíomhanna urrúsúcháin sin as ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 i gcomhréir le pointe (k) d'Airteagal 36(1).

▼M5

2. Measfar gur aistríodh priacal creidmheasa suntasach i gceachtar de na cásanna seo a leanas:

(a) na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail de chuid na suíomhanna urrúsúcháin mezzanine atá i seilbh na hinstitiúide tionscnóra laistigh den urrúsú sin, ní sháraíonn siad 50 % de mhéideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail de chuid na suíomhanna urrúsúcháin mezzanine go léir atá ann laistigh den urrúsú sin;

(b) níl i seilbh na hinstitiúide tionscnóra níos mó ná 20 % de luach risíochta an tráinse céadchaillteanais san urrúsú, ar an gcoinníoll go gcomhlíonfar an dá choinníoll seo a leanas:

(i) tá an tionscnóir in ann a léiriú go sáraíonn luach risíochta an tráinse céadchaillteanais meastachán réasúnaithe ar an gcaillteanas ionchasach ar na risíochtaí foluiteacha faoi chorrlach suntasach;

(ii) níl aon suíomhanna urrúsúcháin mezzanine ann.

I gcás nach bhfuil bonn cirt, mar gheall ar aistriú priacail creidmheasa ar cóimhéid chuig tríú páirtithe, leis an laghdú féideartha ar mhéideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail a bhainfeadh an institiúid tionscnóra amach tríd an urrúsú faoi phointe (a) nó faoi phointe (b), féadfaidh údaráis inniúla a chinneadh ar bhonn gach cáis nach measfar gur aistríodh priacal creidmheasa suntasach chuig tríú páirtithe.

3. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh údaráis inniúla a ligean d'institiúidí tionscnóra aistriú priacail creidmheasa shuntasaigh a aithint i ndáil le hurrúsú i gcás ina léiríonn an institiúid tionscnóra i ngach cás, go bhfuil bonn cirt, mar gheall ar aistriú priacail creidmheasa ar cóimhéid chuig tríú páirtithe, leis an laghdú ar riachtanais cistí dílse a bhaineann an tionscnóir amach leis an urrúsú. Ní fhéadfar cead a thabhairt ach amháin i gcás ina gcomhlíonfaidh an institiúid an dá choinníoll seo a leanas:

(a) tá beartais agus modheolaíochtaí inmheánacha bainistithe priacail leordhóthanacha ag an institiúid le haistriú an phriacail creidmheasa a mheasúnú;

(b) d'aithin an institiúid an t-aistriú priacail creidmheasa chuig tríú páirtithe i ngach cás ar mhaithe le bainistiú priacail inmheánaigh agus leithdháileadh caipitil inmheánaigh na hinstitiúide.

4. Chomh maith leis na ceanglais a leagtar amach i mír 1, i mír 2 agus i mír 3, comhlíonfar gach coinníoll díobh seo a leanas:

(a) léiríonn doiciméadacht an idirbhirt tábhacht eacnamaíoch an tsuímh urrúsúcháin;

(b) ní hionann na suíomhanna urrúsúcháin agus oibleagáidí íocaíochta na hinstitiúide tionscnóra;

(c) fágadh nach bhfuil breith ag an institiúid tionscnóra gona creidiúnaithe ar na risíochtaí foluiteacha i gcaoi a gcomhlíonann an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2107/2402;

(d) ní choinníonn an institiúid tionscnóra rialú ar na risíochtaí foluiteacha. Measfar go mbeidh rialú éifeachtach coinnithe ar na risíochtaí foluiteacha má tá sé de cheart ag an tionscnóir na risíochtaí a aistríodh roimhe sin a athcheannach ón aistrí d'fhonn a dtairbhí a réadú nó má tá ceanglas eile air an priacal aistrithe a ghlacadh arís. Má tá institiúid tionscnóra ag coinneáil na gceart nó na n-oibleagáidí seirbhísithe i leith na risíochtaí foluiteacha, ní leor sin ann féin mar rialú ar na risíochtaí;

▼**M5**

(e) níl téarmaí ná coinníollacha i ndoiciméadacht an urrúsúcháin:

(i) a chuireann ceangal ar an institiúid tionscnóra comhdhéanamh na risíochtaí foluiteacha a athrú chun meáncháilíocht an chomhthiomsaithe a fheabhsú; nó

(ii) a mhéadaíonn an toradh is iníoctha le sealbhóirí suíomhanna nó a chuirfeadh feabhas de chineál eile ar na suíomhanna i gcaoi eile laistigh den urrúsú mar fhreagairt ar mheath ar cháilíocht chreidmheasa na risíochtaí foluiteacha;

(f) más infheidhme, is léir i ndoiciméadacht an idirbhirt nach bhféadfaidh an tionscnóir nó an t-urraitheoir suíomhanna urrúsúcháin a cheannach nó a athcheannach nó na risíochtaí foluiteacha a athcheannach, a athstruchtúrú nó a ionadú thar a n-oibleagáidí conarthacha i gcás ina ndéantar na socruithe sin i gcomhréir le coinníollacha an mhargaidh atá i réim agus ina ngníomhaíonn na páirtithe lena mbaineann lena leas féin mar pháirtithe saora neamhspleácha (ar neamhthuilleamaí);

(g) i gcás ina bhfuil céadrogha ar cheannach farasbairr ann, comhlíonfaidh an rogha sin gach coinníoll seo a leanas freisin:

(i) tá sí infheidhmithe de rogha na hinstitiúide tionscnóra;

(ii) ní féidir í a fheidhmiú ach amháin nuair atá 10 % nó níos lú de luach bunaidh na risíochtaí foluiteacha fós gan amúchadh;

(iii) níl sí struchtúraithe sa chaoi nach leithdháilfear caillteanais ar shuíomhanna feabhsaithe creidmheasa ná ar shuíomhanna eile atá i seilbh infheisteoirí san urrúsú agus níl sí struchtúraithe in aon chaoi eile chun feabhsú creidmheasa a chur ar fáil;

(h) tá tuairim faighte ag an institiúid tionscnóra ó dhlíodóir cáilithe lena ndeimhnítear go gcomhlíonann an t-urrúsú na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (c) den mhír seo.

5. Cuirfidh na húdaráis inniúla ÚBE ar an eolas faoi na cásanna sin inar chinn siad nach raibh bonn cirt, mar gheall ar aistriú priacail creidmheasa ar cóimhéid chuig tríú páirtithe i gcomhréir le mír 2, leis an laghdú féideartha ar mhéideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail, agus leis na cásanna inar roghnaigh institiúidí forálacha mhír 3 a chur i bhfeidhm.

6. Déanfaidh ÚBE faireachán ar an raon cleachtas maoirseachta i ndáil le haistriú priacail shuntasaigh in urrúsuithe traidisiúnta a shainaithint i gcomhréir leis an Airteagal seo. Go háirithe, déanfaidh ÚBE athbhreithniú ar:

(a) na coinníollacha maidir le haistriú priacail creidmheasa shuntasaigh chuig tríú páirtithe i gcomhréir le mír 2, mír 3 agus mír 4;

(b) léiriú ar 'aistriú priacail creidmheasa ar cóimhéid chuig tríú páirtithe' chun críocha mheasúnú na n-údarás inniúil dá bhforáiltear sa dara fomhír de mhír 2 agus de mhír 3;

(c) na ceanglais le haghaidh mheasúnú na n-údarás inniúil ar idirbhearta urrúsúcháin a n-iarrann an tionscnóir aitheantas ar aistriú priacail creidmheasa shuntasaigh chuig tríú páirtithe ina leith i gcomhréir le mír 2 nó mír 3.

▼M5

Cuirfidh ÚBE na torthaí faoi bhráid an Choimisiúin faoin 2 Eanáir 2021. Féadfaidh an Coimisiún, tar éis an tuarascáil ó ÚBE a chur san áireamh, gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 462, mar fhorlíonadh ar an Rialachán seo, trí shonrú breise a dhéanamh ar na hítimí a liostaítear i bpointe (a), pointe (b) agus pointe (c) den mhír seo.

*Airteagal 245*

**Urrúsú sintéiseach**

1. Féadfaidh an institiúid tionscnóra a bhíonn ag urrúsú sintéiseach méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail a ríomh, agus, nuair is iomchuí, méideanna caillteanais ionchasaigh i leith na risíochtaí foluiteacha i gcomhréir le hAirteagal 251 agus le hAirteagal 252, i gcás ina gcomhlíontar ceachtar de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá priacal creidmheasa suntasach aistrithe chuig tríú páirtithe trí chosaint chistithe chreidmheasa nó trí chosaint neamhchistithe chreidmheasa;

(b) cuireann an institiúid tionscnóra ualú priacail 1 250 % i bhfeidhm maidir leis na suíomhanna urrúsúcháin go léir atá ina seilbh laistigh den urrúsú sin nó asbhaineann sí na suíomhanna urrúsúcháin sin as ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 i gcomhréir le pointe (k) d'Airteagal 36(1).

2. Measfar gur aistríodh priacal creidmheasa suntasach i gceachtar de na cásanna seo a leanas:

(a) méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail de chuid na suíomhanna urrúsúcháin mezzanine atá i seilbh na hinstitiúide tionscnóra laistigh den urrúsú sin, ní sháraíonn siad 50 % de mhéideanna risíochta ualaithe ó thaobh priacail de chuid na suíomhanna urrúsúcháin mezzanine go léir atá ann laistigh den urrúsú sin;

(b) níl i seilbh na hinstitiúide tionscnóra níos mó ná 20 % de luach risíochta an tráinse céadchaillteanais san urrúsú, ar an gcoinníoll go gcomhlíonfar an dá choinníoll seo a leanas:

(i) tá an tionscnóir in ann a léiriú go sáraíonn luach risíochta an tráinse céadchaillteanais meastachán réasúnaithe ar an gcaillteanas ionchasach ar na risíochtaí foluiteacha faoi chorrlach suntasach;

(ii) ní ann d'aon suíomhanna urrúsúcháin mezzanine.

I gcás nach bhfuil bonn cirt, mar gheall ar aistriú priacail creidmheasa ar cóimhéid chuig tríú páirtithe, leis an laghdú féideartha ar mhéideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail a bhainfeadh an institiúid tionscnóra amach tríd an urrúsú seo, féadfaidh údaráis inniúla a chinneadh, agus iad ag meas gach cáis ar a fhiúntas féin, nach measfar gur aistríodh priacal creidmheasa suntasach chuig tríú páirtithe.

3. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh údaráis inniúla a ligean d'institiúidí tionscnóra aistriú creidmheasa shuntasaigh a aithint i ndáil le hurrúsú i gcás ina léiríonn an institiúid tionscnóra i ngach cás, go bhfuil bonn cirt, mar gheall ar aistriú priacail creidmheasa ar cóimhéid chuig tríú páirtithe, leis an laghdú ar cheanglais cistí dílse a bhaineann an tionscnóir amach leis an urrúsú. Ní fhéadfar cead a thabhairt ach amháin i gcás ina gcomhlíonfaidh an institiúid an dá choinníoll seo a leanas:

(a) tá beartais agus modheolaíochtaí leordhóthanacha inmheánacha bainistithe priacail ag an institiúid le haistriú an phriacail a mheasúnú;

▼M5

(b) d'aithin an institiúid an t-aistriú priacail creidmheasa chuig tríú páirtithe i ngach cás ar mhaithe le bainistiú priacail inmheánaigh agus leithdháileadh caipitil inmheánaigh na hinstitiúide.

4. Chomh maith leis na ceanglais a leagtar amach i mír 1, i mír 2 agus i mír 3, comhlíonfar gach coinníoll díobh seo a leanas:

(a) léiríonn doiciméadacht an idirbhirt tábhacht eacnamaíoch an tsuímh urrúsúcháin;

(b) an chosaint chreidmheasa ar dá bua a aistrítear an priacal creidmheasa, comhlíonann sí Airteagal 249;

(c) níl téarmaí ná coinníollacha i ndoiciméadacht an urrúsúcháin lena ndéantar an méid seo a leanas:

(i) tairseacha ábharthachta suntasacha a fhorchur a meastar nár spreagadh cosaint chreidmheasa faoina mbun i gcás teagmhas creidmheasa;

(ii) foirceannadh na cosanta a cheadú mar gheall ar mheath ar cháilíocht chreidmheasa na risíochtaí foluiteacha;

(iii) a cheangal ar an institiúid tionscnóra comhdhéanamh na risíochtaí foluiteacha a athrú chun meáncháilíocht an chomhthiomsaithe a fheabhsú; nó

(iv) costas cosanta creidmheasa na hinstitiúide nó an toradh is iníoctha le sealbhóirí suíomhanna laistigh den urrúsú a mhéadú mar fhreagairt ar mheath ar cháilíocht chreidmheasa an chomhthiomsaithe fholuitigh;

(d) tá an chosaint chreidmheasa infhorghníomhaithe i ngach dlínse ábhartha;

(e) más infheidhme, is léir i ndoiciméadacht an idirbhirt nach bhféadfaidh an tionscnóir ná an t-urraitheoir suíomhanna urrúsúcháin a cheannach ná na risíochtaí foluiteacha a athcheannach, a athstruchtúrú ná a ionadú thar a n-oibleagáidí conarthacha i gcás ina ndéantar socruithe den sórt sin i gcomhréir le coinníollacha an mhargaidh atá i réim agus ina ngníomhaíonn na páirtithe lena mbaineann ar mhaithe leo féin mar pháirtithe saora neamhspleácha (ar neamhthuilleamaí);

(f) i gcás ina bhfuil céadrogha ar cheannach farasbairr ann, comhlíonann an rogha sin na coinníollacha uile seo a leanas:

(i) féadfar í a fheidhmiú de rogha na hinstitiúide tionscnóra;

(ii) ní fhéadfar í a fheidhmiú ach amháin nuair atá 10 % nó níos lú de luach bunaidh na risíochtaí foluiteacha fós gan amúchadh;

(iii) níl sí struchtúraithe ionas nach leithdháilfear caillteanais ar shuíomhanna feabhsaithe creidmheasa ná ar shuíomhanna eile atá i seilbh infheisteoirí san urrúsú agus níl sí struchtúraithe ar chaoi eile chun feabhsú creidmheasa a sholáthar;

(g) tá tuairim faighte ag an institiúid tionscnóra ó dhlíodóir cáilithe lena ndeimhnítear go gcomhlíonann an t-urrúsú na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (d) den mhír seo;

5. Cuirfidh na húdaráis inniúla ÚBE ar an eolas faoi na cásanna sin inar chinn siad nach raibh bonn cirt, mar gheall ar aistriú priacail creidmheasa ar cóimhéid chuig tríú páirtithe i gcomhréir le mír 2, leis an laghdú féideartha ar mhéideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail, agus faoi na cásanna inar roghnaigh institiúidí mír 3 a chur i bhfeidhm.

▼M5

6. Déanfaidh ÚBE faireachán ar an raon cleachtas maoirseachta i ndáil le haistriú priacail shuntasaigh in urrúsuithe sintéiseacha a aithint i gcomhréir leis an Airteagal seo. Go háirithe, déanfaidh ÚBE athbhreithniú:

(a) ar na coinníollacha maidir le haistriú priacail creidmheasa shuntasaigh chuig tríú páirtithe i gcomhréir le mír 2, mír 3 agus mír 4;

(b) ar an léiriú ar 'aistriú priacail creidmheasa ar cóimhéid chuig tríú páirtithe' chun críocha mheasúnú na n-údarás inniúil dá bhforáiltear sa dara fomhír de mhír 2 agus i mír 3; agus

(c) ar na ceanglais le haghaidh mheasúnú na n-údarás inniúil ar idirbhearta urrúsúcháin a n-iarrann an tionscnóir aitheantas ar aistriú priacail creidmheasa shuntasaigh chuig tríú páirtithe ina leith i gcomhréir le mír 2 nó mír 3.

Cuirfidh ÚBE na torthaí faoi bhráid an Choimisiúin faoin 2 Eanáir 2021. Féadfaidh an Coimisiún, tar éis an tuarascáil ó ÚEB a chur san áireamh, gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 462, mar fhorlíonadh ar an Rialachán seo, trí shonrú breise a dhéanamh ar na hítimí a liostaítear i bpointe (a), pointe (b) agus pointe (c) den mhír seo.

*Airteagal 246*

**Ceanglais oibríochtúla maidir le forálacha i ndáil le luathamúchadh**

I gcás ina n-áirítear risíochtaí imrothlacha agus forálacha i ndáil le luathamúchadh nó forálacha comhchosúla san urrúsú, ní mheasfar go bhfuil priacal creidmheasa suntasach aistrithe ag an institiúid tionscnóra ach amháin i gcás ina gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 244 agus Airteagal 245 agus nach ndéantar leis an bhforáil maidir le luathamúchadh, a luaithe a spreagtar é, an méid seo a leanas:

(a) éileamh sinsearach nó *pari passu* na hinstitiúide ar na risíochtaí foluiteacha a chur faoi réir éilimh na n-infheisteoirí eile;

(b) éileamh na hinstitiúide ar na risíochtaí foluiteacha a chur faoi réir éilimh páirtithe eile tuilleadh; nó

(c) risíocht na hinstitiúide ar chaillteanais a bhaineann le risíochtaí imrothlacha foluiteacha a mhéadú ar bhealach eile.

Roinn 3

**Méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail a ríomh**

Foroinn 1

**Forálacha ginearálta**

*Airteagal 247*

**Méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail a ríomh**

1. I gcás inar aistrigh institiúid tionscnóra priacal creidmheasa suntasach a bhaineann le risíochtaí foluiteacha an urrúsaithe i gcomhréir le Roinn 2, féadfaidh an institiúid sin:

▼**M5**

(a) i gcás urrúsú traidisiúnta, na risíochtaí foluiteacha a eisiamh le linn di méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail, agus mar is ábhartha, méideanna an chaillteanais ionchasaigh a ríomh;

(b) i gcás urrúsú sintéiseach, méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail agus, más ábhartha, méideanna an chaillteanais ionchasaigh a ríomh, i leith na risíochtaí foluiteacha i gcomhréir le hAirteagal 251 agus le hAirteagal 252.

2. I gcás inar chinn an institiúid tionscnóra mír 1 a chur i bhfeidhm, ríomhfaidh sí na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail a leagtar síos sa Chaibidil seo i leith na suíomhanna a d'fhéadfadh sí a shealbhú laistigh den urrúsú sin.

I gcás nár aistrigh an institiúid tionscnóra priacal creidmheasa suntasach nó gur chinn sí gan mír 1 a chur i bhfeidhm, ní chuirfear de cheangal uirthi méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail a ríomh i leith aon suíomh a d'fhéadfadh a bheith aici laistigh den urrúsú ach leanfaidh sí de na risíochtaí foluiteacha agus, i gcás inarb abhartha, méideanna an chaillteananais ionchasaigh, a áireamh le linn di méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail a ríomh amhail is nár urrúsaíodh riamh iad.

3. I gcás ina bhfuil risíocht ann ar shuíomhanna i dtráinsí éagsúla laistigh d'urrúsú, measfar gur suíomh urrúsúcháin ar leith í an risíocht ar gach aon tráinse. Measfar go mbeidh suíomhanna san urrúsú á sealbhú ag soláthraithe na cosanta creidmheasa do shuíomhanna urrúsúcháin. Áireofar sna suíomhanna urrúsúcháin risíochtaí ar urrúsú a thagann as conarthaí díorthach ráta úis nó airgeadra atá déanta ag an institiúid tráth an idirbhirt.

4. Mura n-asbhaintear suíomh urrúsúcháin as ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de bhun phointe (k) d'Airteagal 36(1), áireofar an méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail in iomlán na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail de chuid na hinstitiúide chun críocha Airteagal 92(3).

5. Déanfar an méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail suímh urrúsúcháin a ríomh trí luach risíochta an tsuímh, luach a ríomhtar mar a leagtar amach in Airteagal 248, a iolrú faoin ualú iomlán priacail ábhartha.

6. Socrófar an t-ualú iomlán priacail mar shuim an ualaithe priacail a leagtar amach sa Chaibidil seo agus aon ualaithe priacail breise i gcomhréir le hAirteagal 270a.

*Airteagal 248*

**Luach na risíochta**

1. Déanfar luach risíochta suímh urrúsúcháin a ríomh mar seo a leanas:

(a) is é a bheidh i luach risíochta suíomhanna urrúsúcháin laistigh den chlár comhardaithe ná a luach cuntasaíochta a bheidh fágtha tar éis aon choigeartuithe sonracha i leith aon phriacal creidmheasa a chur i bhfeidhm, ar coigeartuithe iad a cuireadh i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 110;

(b) is é a bheidh i luach risíochta suíomh urrúsúcháin lasmuigh den chlár comhardaithe ná a luach ainmniúil lúide aon choigeartuithe ábhartha sonracha i leith priacal creidmheasa a bhaineann leis an suíomh urrúsúcháin i gcomhréir le hAirteagal 110, iolraithe faoin bhfachtóir coinbhéartaithe ábhartha a leagtar amach sa phointe seo. Beidh an fachtóir coinbhéartaithe cothrom le 100 %, ach amháin i gcás na saoráidí airleacan airgid. Féadfar fachtóir coinbhéartaithe 0 % a chur i bhfeidhm maidir le méid ainmniúil saoráide leachtachta

▼M5

atá inchealaithe go neamhchoinníollach chun luach risíochta chion neamhtharraingthe na saoráidí airleacan airgid a chinneadh ar an gcoinníoll go bhfuil aisíoc na dtarraingtí ar an tsaoráid níos sinsearaí ná aon éilimh eile ar an sreabhadh airgid a thagann as na risíochtaí foluiteacha agus gur léirigh an institiúid chun sástacht an údaráis inniúil go bhfuil modh coimeádach iomchuí á chur i bhfeidhm aici chun an méid den chion neamhtharraingthe a thomhas;

(c) déanfar luach na risíochta ar phriacal creidmheasa suíomhanna urrúsúcháin don chontrapháirtí a thagann ó ionstraim díorthaigh a liostaítear in Iarscríbhinn II a chinneadh i gcomhréir le Caibidil 6;

(d) féadfaidh institiúid tionscnóra méid na gcoigeartuithe i leith na bpriacal creidmheasa sonrach maidir leis na risíochtaí foluiteacha i gcomhréir le hAirteagal 110 a asbhaint de luach risíochta suímh urrúsúcháin a bhfuil ualú priacail 1 250 % sannta dó i gcomhréir le Foroinn 3 nó a asbhaintear de chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 i gcomhréir le pointe (k) d'Airteagal 36(1), agus aon lascainí neamh-inaisíoctha ar an bpraghas ceannaigh atá nasctha le risíochtaí foluiteacha den chineál sin a mhéid a bhfuil a gcistí dílse laghdaithe acu;

▼M13

(e) áireofar an méid seo a leanas, de réir mar is infheidhme, sa luach risíochta ar bharrachas raoin difríochta shintéisigh:

(i) aon ioncam ó na risíochtaí urrúsaithe a d'aithin an institiúid tionscnóra cheana ina ráiteas ar ioncam faoin gcreat cuntasaíochta is infheidhme, ar ioncam é a rinne an institiúid tionscnóra a ainmniú go conarthach i leith an idirbhirt mar bharrachas raoin difríochta shintéisigh agus atá fós ar fáil chun caillteanais a ionsú;

(ii) aon bharrachas raoin difríochta shintéisigh arna ainmniú go conarthach ag an institiúid tionscnóra in aon tréimhsí san am atá thart agus atá fós ar fáil chun caillteanais a ionsú;

(iii) aon bharrachas raoin difríochta shintéisigh arna ainmniú go conarthach ag an institiúid tionscnóra don tréimhse reatha agus atá fós ar fáil chun caillteanais a ionsú;

(iv) aon bharrachas raoin difríochta shintéisigh arna ainmniú go conarthach ag an institiúid tionscnóra do thréimhsí a bheidh ann amach anseo.

Chun críocha an phointe seo, ní áireofar sa luach risíochta aon mhéid a sholáthraítear mar fheabhsú comhthaobhachta nó creidmheasa maidir leis an urrúsú sintéiseach agus atá faoi réir ceanglas cistí dílse cheana i gcomhréir leis an gCaibidil seo.

▼M5

Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun a shonrú cad is modh coimeádach iomchuí ann chun an méid den chion neamhtharraingthe dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír a thomhas.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 18 Eanáir 2019.

▼M5

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa tríú fomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

2. I gcás ina bhfuil dhá shuíomh fhorluiteacha nó níos mó ag institiúid in urrúsú, ní áireoidh sí ach ceann amháin dá suíomhanna le linn di méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail a ríomh.

I gcás ina bhfuil na suíomhanna forluiteach i bpáirt, féadfaidh an institiúid an suíomh a dheighilt ina dhá chuid agus gan an forluí a aithint ach i ndáil le cuid amháin i gcomhréir leis an gcéad fhomhír. De mhalairt air sin, féadfaidh an institiúid déileáil leis na suíomhanna amhail is go raibh siad iomlán forluiteach tríd an suíomh a thugann na méideanna risíochta atá ualaithe níos airde ó thaobh priacail a fhairsingiú chun críocha ríomh caipitil.

Féadfaidh an institiúid forluí a aithint idir na ceanglais cistí dílse faoi phriacal sonrach i leith suíomhanna sa leabhar trádála agus na ceanglais cistí dílse i leith suíomhanna urrúsúcháin sa leabhar neamhthrádála, ar an gcoinníoll gur féidir leis an institiúid ceanglais cistí dílse i leith na suíomhanna ábhartha a ríomh agus a chur i gcomparáid le chéile.

Chun críocha na míre seo measfar dhá shuíomh a bheith forluiteach i gcás ina bhfuil siad ag fritháireamh a chéile go frithpháirteach i gcaoi ar féidir leis an institiúid na caillteanais a thiocfadh as suíomh amháin a sheachaint trí na hoibleagáidí a cheanglaítear faoin suíomh eile a chomhlíonadh.

3. I gcás ina bhfuil feidhm ag pointe d d'Airteagal 270c maidir le suíomhanna san ABCP, féadfaidh an institiúid an t-ualú priacail atá sannta do shaoráid leachtachta a úsáid d'fhonn an méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail don ABCP a ríomh, ar an gcoinníoll go gcumhdaíonn an tsaoráid leachtachta 100 % den ABCP atá eisithe ag an gclár ABCP agus go bhfuil an tsaoráid leachtachta ar comhchéim leis an ABCP ionas gur suíomhanna forluiteacha iad. I gcás inar chuir sí na forálacha a leagtar síos sa mhír seo i bhfeidhm, tabharfaidh an institiúid fógra do na húdaráis inniúla faoi sin. Chun an cumhdach 100 % a leagtar amach sa mhír seo a fháil amach, féadfaidh an institiúid saoráidí leachtachta eile sa chlár ABCP a chur san áireamh, ar an gcoinníoll go bhfuil suíomh forluiteach acu leis an ABCP.

▼M13

4. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun sonrú a dhéanamh ar an gcaoi a gcinnfidh na hinstitiúidí tionscnóra an luach risíochta dá dtagraítear i bpointe (e) de mhír 1, agus aird á tabhairt ar na caillteanais ábhartha a bhfuiltear ag súil leis go gcumhdófar le barrachas an raoin difríochta shintéisigh iad.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 10 Deireadh Fómhair 2021.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

▼M5

*Airteagal 249*

**Maolú priacail creidmheasa a aithint le haghaidh suíomhanna urrúsúcháin**

1. Féadfaidh institiúid cosaint chistithe nó neamhchistithe chreidmheasa a aithint i ndáil le suíomh urrúsúcháin i gcás ina gcomhlíontar na ceanglais maidir le maolú priacail creidmheasa a leagtar síos sa Chaibidil seo agus i gCaibidil 4.

2. Níl i gcosaint chistithe chreidmheasa incháilithe ach comhthaobhacht airgeadais atá incháilithe chun méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail a ríomh faoi Chaibidil 2 mar a leagtar síos faoi Chaibidil 4 agus beidh aithint mhaolú an phriacail creidmheasa faoi réir chomhlíonadh na gceanglas ábhartha mar a leagtar síos faoi Chaibidil 4.

Maidir le cosaint neamhchistithe creidmheasa agus soláthraithe na cosanta neamhchistithe creidmheasa, ní bheidh ach na daoine sin atá incháilithe i gcomhréir le Caibidil 4 incháilithe agus beidh aithint mhaolú an phriacail creidmheasa faoi réir chomhlíonadh na gceanglas ábhartha mar a leagtar síos faoi Chaibidil 4.

▼M13

3. De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo, beidh measúnú creidmheasa sannta ag institiúid sheachtrach um measúnú creidmheasa (IMCS) aitheanta do sholáthraithe incháilithe na cosanta neamhchistithe creidmheasa a liostaítear i bpointe (g) d'Airteagal 201(1), arbh é a bhí ann céim cháilíochta 2 nó os a cionn tráth a aithníodh an chosaint chreidmheasa den chéad uair agus arb é atá ann faoi láthair céim cháilíochta 3 nó os a cionn.

▼M5

Féadfaidh institiúidí a ligtear dóibh an Cur Chuige IRB a chur i bhfeidhm maidir le risíocht dhíreach ar sholáthraí na cosanta incháilitheacht a mheasúnú i gcomhréir leis an gcéad fhomhír bunaithe ar dhóchúlacht mhainneachtana (PD) sholáthraí na cosanta a bheith coibhéiseach leis an PD a bhaineann leis na céimeanna cáilíochta creidmheasa dá dtagraítear in Airteagal 136.

4. De mhaolú ar fhomhír 2, beidh SSPEnna ina soláthraithe cosanta incháilithe i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha uile a leanas:

(a) tá sócmhainní ag SSPE a cháilíonn mar chomhthaobhacht airgeadais incháilithe i gcomhréir le Caibidil 4;

(b) níl na sócmhainní dá dtagraítear i bpointe (a) faoi réir éilimh ná éilimh theagmhasacha a bhfuil réamhthosaíocht acu ar éileamh nó éileamh teagmhasach na hinstitiúide a fhaigheann cosaint chreidmheasa neamhchistithe, nó atá *pari passu* leis; agus

(c) comhlíontar na ceanglais uile maidir le haithint comhthaobhachta airgeadais a leagtar amach i gCaibidil 4.

5. Chun críocha mhír 4, ní bheidh i méid na cosanta coigeartaithe i leith aon neamhréir airgeadra agus aibíochta (Ga) i gcomhréir le Caibidil 4 ach margadhluach na sócmhainní sin arna choigeartú de réir luaineachta agus déanfar ualú priacail na risíochtaí ar sholáthraí

▼M5

na cosanta mar a shonraítear faoin gCur Chuige Caighdeánaithe (g) a chinneadh mar an t-ualú meánphriacal ualaithe a mbeadh feidhm aige maidir leis na sócmhainní sin mar chomhthaobhacht airgeadais faoin gCur Chuige Caighdeánaithe.

6. I gcás ina bhfuil cosaint chreidmheasa iomlán nó cosaint chreidmheasa pháirteach ar bhonn pro-rata ag suíomh urrúsúcháin, beidh feidhm ag na ceanglais seo a leanas:

(a) déanfaidh an institiúid a sholáthraíonn cosaint chreidmheasa méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail a ríomh don chion sin den suíomh urrúsúcháin atá ag fáil cosaint chreidmheasa i gcomhréir le Foroinn 3 amhail is go raibh an cion sin den suíomh sin ina seilbh dhíreach féin;

(b) ríomhfaidh an institiúid a bheidh ag ceannach cosaint chreidmheasa méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail i gcomhréir le Caibidil 4 don chion chosanta.

7. I ngach cás nach gcumhdaítear le mír 6, beidh feidhm ag na ceanglais seo a leanas:

(a) láimhseálfaidh an institiúid a sholáthraíonn cosaint chreidmheasa an cion den suíomh atá ag fáil cosaint chreidmheasa mar shuíomh urrúsúcháin agus ríomhfaidh sí méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail amhail is go raibh an suíomh ina seilbh dhíreach féin i gcomhréir le Foroinn 3, faoi réir mhíreanna 8, 9 agus 10;

(b) déanfaidh an institiúid a bheidh ag ceannach cosaint chreidmheasa méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail a ríomh don chion den suíomh atá cosanta dá dtagraítear i bpointe (a) i gcomhréir le Caibidil 4. Maidir leis an gcion den suíomh urrúsúcháin nach bhfaigheann cosaint chreidmheasa, láimhseálfaidh an institiúid é mar shuíomh urrúsúcháin ar leith agus ríomhfaidh sí méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail i gcomhréir le Foroinn 3, faoi réir mhír 8, mhír 9 agus mhír 10.

8. Déanfaidh institiúidí a úsáideann an Cur Chuige Bunaithe ar Rátálacha Inmheánacha (SEC-IRBA) nó nó an Cur Chuige Caighdeánaithe (SEC-SA) faoi Fhoroinn 3 an pointe ceangaltáin (A) agus an pointe dí-astaithe (D) a chinneadh ar leithligh i gcás gach suímh arna dhíorthú i gcomhréir le mír 7 amhail is gur eisíodh iad mar shuíomhanna urrúsúcháin ar leithligh tráth ar tionscnaíodh an t-idirbheart. Ríomhfar luach $K_{IRB}$ nó $K_{SA}$, faoi seach, agus comhthiomsú bunaidh risíochtaí foluiteacha an tsuímh urrúsúcháin á chur san áireamh.

9. Déanfaidh institiúidí a úsáideann an Cur Chuige Bunaithe ar Rátálacha Seachtracha (SEC-ERBA) faoi Fhoroinn 3 le haghaidh an tsuímh urrúsúcháin bunaidh na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail a ríomh do na suíomhanna a dhíorthaítear i gcomhréir le mír 7 mar seo a leanas:

(a) i gcás ina bhfuil sinsearacht níos airde ag an suíomh díorthaithe, sannfar ualú priacail an tsuímh urrúsúcháin bunaidh dó;

▼M5

(b) i gcás ina bhfuil sinsearacht níos ísle ag an suíomh díorthaithe, féadfar rátáil atá bunaithe ar thátal a shannadh dó i gcomhréir le hAirteagal 263(7). Ríomhfar tiús ionchur T sa chás sin ar bhonn an tsuímh díorthaithe amháin. I gcás nach bhfuil rátáil bunaithe ar thátal ann, féadfaidh an institiúid an t-ualú priacail is airde a chur i bhfeidhm de thoradh ceachtar acu seo a leanas:

(i) SEC-SA a chur i bhfeidhm i gcomhréir le mír 8 agus Foroinn 3; nó

(ii) ualú priacail an tsuímh urrúsúcháin bunaidh faoi SEC-ERBA.

10. Maidir leis an suíomh díorthaithe le sinsearacht níos ísle, déanfar é sin a láimhseáil mar shuíomh urrúsúcháin neamhshinsearach fiú má cháilíonn an suíomh urrúsúcháin bunaidh roimh chosaint mar shuíomh urrúsúcháin sinsearach.

*Airteagal 250*

**Tacaíocht intuigthe**

1. Institiúid is urraitheoir, nó institiúid tionscnóra a bhain úsáid as Airteagal 247(1) agus (2) maidir le hurrúsú le linn di méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail a ríomh nó a bhfuil ionstraimí óna leabhar trádála díolta aici sa chaoi is nach gceanglaítear uirthi a thuilleadh cistí dílse a shealbhú maidir le priacail na n-ionstraimí sin, ní thabharfaidh sí tacaíocht, go díreach nó go hindíreach, don urrúsú thar a hoibleagáidí conarthacha ar mhaithe le caillteanais fhéideartha nó iarbhír a laghdú d'infheisteoirí.

2. Ní mheasfar go bhfuil idirbheart ina thacaíocht chun críocha mhír 1 i gcás inar cuireadh an t-idirbheart san áireamh go hiomchuí agus aistriú priacail creidmheasa shuntasaigh á mheasúnú agus go ndearna an dá pháirtí an t-idirbheart agus iad ag gníomhú ar a leas féin mar pháirtithe saora neamhspleácha (ar neamhthuilleamaí). Chun na gcríoch sin, tabharfaidh an institiúid faoi athbhreithniú creidmheasa iomlán ar an idirbheart agus, ar a laghad, cuirfidh sí na hítimí seo a leanas san áireamh:

(a) an praghas athcheannaigh;

(b) suíomh caipitil agus leachtachta na hinstitiúide roimh an athcheannach agus ina dhiaidh;

(c) feidhmiú na risíochtaí foluiteacha;

(d) feidhmiú na suíomhanna urrúsúcháin;

(e) tionchar na tacaíochta ar na caillteanais a mheastar a thabhóidh an tionscnóir i gcomparáid leis na hinfheisteoirí.

3. Tabharfaidh an institiúid tionscnóra agus an institiúid is urraitheoir fógra don údarás inniúil i leith aon idirbheart a rinneadh i ndáil leis an urrúsú i gcomhréir le mír 2.

4. Déanfaidh ÚBE, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, treoirlínte a eisiúint faoina bhfuil i gceist le 'ar neamhthuilleamaí' chun críocha an Airteagail seo agus na n-imthosca nach bhfuil idirbheart ina idirbheart struchtúrtha chun tacaíocht a sholáthar.

▼M5

5. Má mhainníonn institiúid tionscnóra nó institiúid is urraitheoir mír 1 a chomhlíonadh maidir le hurrúsú, áireoidh an institiúid risíochtaí uile an tsuímh urrúsúcháin sin ina ríomh ar na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail amhail is nár urrasaíodh riamh iad agus nochtfaidh sí:

(a) gur thug sí tacaíocht don suíomh urrúsúcháin agus mír 1 á sárú aici; agus

(b) tionchar na tacaíochta a soláthraíodh ó thaobh ceanglais cistí dílse.

*Airteagal 251*

**Méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail arna n-urrúsú in urrúsú sintéiseach agus arna ríomh ag institiúidí tionscnóra**

1. Chun méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail a ríomh do na risíochtaí foluiteacha, úsáidfidh institiúid tionscnóra urrúsúcháin shintéisigh na modheolaíochtaí ríomha a leagtar amach sa Roinn seo más infheidhme seachas na modheolaíochtaí a leagtar amach i gCaibidil 2. I gcás institiúidí atá ag ríomh méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail agus, i gcás inarb ábhartha, méideanna an chaillteanais ionchasaigh i leith na risíochtaí foluiteacha faoi Chaibidil 3, beidh méid an chaillteanais ionchasaigh i leith na risíochtaí sin cothrom le nialas.

2. Beidh feidhm ag na ceanglais a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo maidir le comhthiomsú iomlán na risíochtaí ar a bhfuil an suíomh urrúsúcháin bunaithe. Faoi réir Airteagal 252, ríomhfaidh an institiúid tionscnóra na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail i ndáil leis na tráinsí uile san urrúsú i gcomhréir leis an Roinn seo, lena n-áirítear na suíomhanna inar féidir leis an institiúid maolú ar phriacal creidmheasa a aithint ina leith i gcomhréir le hAirteagal 249. Féadfar an t ualú priacail atá le cur i bhfeidhm maidir le suíomhanna a thairbhíonn de mhaolú priacail creidmheasa a leasú i gcomhréir le Caibidil 4.

*Airteagal 252*

**Neamhréir aibíochta in urrúsuithe sintéiseacha a láimhseáil**

Ar mhaithe le méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 251, déanfar aon neamhréir aibíochta idir an chosaint chreidmheasa faoina mbaintear amach an t-aistriú priacail agus na risíochtaí foluiteacha a ríomh mar seo a leanas:

(a) glacfar leis gurb í aibíocht na risíochtaí foluiteacha aibíocht aon cheann de na risíochtaí sin a bhfuil an aibíocht is faide aici, faoi réir uasteorainn 5 bliana. Cinnfear aibíocht na cosanta creidmheasa i gcomhréir le Caibidil 4;

(b) déanfaidh institiúid tionscnóra neamhaird d'aon neamhréir i méideanna risíochtaí atá ualaithe do shuíomhanna urrúsúcháin a ríomh faoi réir ualú priacail 1 250 % i gcomhréir leis an Roinn seo. I gcás gach suímh eile, cuirfear an tslí a láimhseáiltear neamhréir aibíochta a leagtar amach i gCaibidil 4 i bhfeidhm i gcomhréir leis na foirmle seo a leanas:

$$RW^{*} = RW_{SP} \cdot [(t - t^{*})/(T - t^{*})] + RW_{Ass} \cdot [(T - t)/(T - t^{*})]$$

i gcás inarb é:

▼**M5**

RW* = méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail chun críocha phointe (a) d'Airteagal 92(3);

$RW_{Ass}$ = méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail i leith risíochtaí foluiteacha murar urrúsaíodh riamh iad, arna ríomh ar bhonn pro rata;

$RW_{SP}$ = méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail arna ríomh faoi Airteagal 251 mura raibh aon neamhréir aibíochta ann;

T = aibíocht na risíochtaí foluiteacha,arna sloinneadh i mblianta;

t = aibíocht na cosanta creidmheasa arna sloinneadh i mblianta;

t* = 0,25.

*Airteagal 253*

**Méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail a laghdú**

1. I gcás ina sanntar ualú priacail 1 250 % do shuíomh urrúsúcháin faoin bhForoinn seo, féadfaidh institiúidí luach risíochta an tsuímh sin a asbhaint de chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 i gcomhréir le pointe (k) d'Airteagal 36(1) de rogha ar an suíomh a áireamh ina ríomh ar na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail. Chun na críche sin, féadfaidh ríomh luach na risíochta cosaint chreidmheasa chistithe incháilithe a léiriú i gcomhréir le hAirteagal 249.

2. I gcás ina mbaineann institiúid tionscnóra úsáid as an rogha a leagtar amach i mír 1, féadfaidh sí an méid a asbhaineadh i gcomhréir le pointe (k) d'Airteagal 36(1) a bhaint as an méid a shonraítear in Airteagal 268 mar uascheanglas caipitil a ríomhfaí i ndáil leis na risíochtaí foluiteacha amhail is nár urrúsaíodh iad.

Foroinn 2

**Ordlathas modhanna agus paraiméadair choiteanna**

*Airteagal 254*

**Ordlathas modhanna**

1. Úsáidfidh institiúidí ceann de na modhanna a leagtar amach i bhForoinn 3 chun méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail a ríomh i gcomhréir leis an ordlathas seo a leanas:

(a) i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 258, úsáidfidh institiúid SEC-IRBA i gcomhréir le hAirteagal 259 agus le hAirteagal 260;

(b) i gcás nach bhféadtar SEC-ERBA a úsáid, úsáidfidh institiúid an (SEC-SA) i gcomhréir le hAirteagal 261 agus le hAirteagal 262;

(c) i gcás nach bhféadtar SEC-SA a úsáid, úsáidfidh institiúid an SEC-ERBA i gcomhréir le hAirteagal 263 agus le hAirteagal 264 le haghaidh suíomhanna rátáilte nó suíomhanna ar féidir rátáil atá bunaithe ar thátal a úsáid ina leith.

▼**M5**

2. I gcás suíomhanna rátáilte nó suíomhanna ar féidir rátáil atá bunaithe ar thátal a úsáid ina leith, úsáidfidh institiúid SEC-ERBA seachas SEC-SA i ngach ceann de na cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina mbeadh, mar thoradh ar chur i bhfeidhm SEC-SA, ualú priacail ann a bheadh níos airde ná 25 % do shuíomhanna a cháilíonn mar shuíomhanna in urrúsú STC;

(b) i gcás ina mbeadh, mar thoradh ar chur i bhfeidhm SEC-SA, ualú priacail ann a bheadh níos airde ná 25 % nó ina mbeadh, mar thoradh ar chur i bhfeidhm SEC-ERBA, ualú priacail ann a bheadh níos airde ná 75 % do shuíomhanna nach gcáilíonn mar shuíomhanna in urrúsú STC;

(c) le haghaidh idirbhearta urrúsúcháin bunaithe ar chomhthiomsuithe d'iasachtaí gluaisteáin, de léasanna gluaisteán agus de léasanna trealaimh.

3. I gcásanna nach gcumhdaítear faoi mhír 2, agus de mhaolú ar phointe (b) de mhír 1, féadfaidh institiúidí a chinneadh SEC-ERBA a chur i bhfeidhm seachas SEC-SA maidir lena cuid suíomhanna urrúsúcháin rátáilte uile nó lena súiomhanna uile ar ina leith a bhféadfar rátáil bunaithe ar thátal a úsáid.

Chun críocha na chéad fhomhíre, déanfaidh institiúid fógra faoina chinneadh a thabhairt don údarás inniúil tráth nach déanaí ná an 17 Samhain 2018.

Aon chinneadh ina dhiaidh sin a dhéanfaí chun an cur chuige a cuireadh i bhfeidhm maidir lena cuid suíomhanna urrúsúcháin rátáilte uile a athrú tuilleadh, déanfaidh an institiúid fógra ina leith a thabhairt dá húdarás inniúil roimh an 15 lá de mhí na Samhna a thagann díreach tar éis an chinnidh sin.

Más rud é nach ndéanfaidh an t-údarás inniúil aon agóid faoin 15 lá den mhí Nollag sin a thagann díreach tar éis an spriocdháta dá dtagraítear sa dara fomhír nó sa tríú fomhír, de réir mar is iomchuí, beidh éifeacht ag an gcinneadh ar thug an institiúid fógra ina leith ón 1 Eanáir den bhliain dar gcionn agus beidh sé bailí go dtí go mbeidh éifeacht ag cinneadh ina dhiaidh sin dá dtugtar fógra. Ní bhainfidh institiúid úsáid as cuir chuige éagsúla san aon bhliain amháin.

4. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh údaráis inniúla cosc a chur ar institiúidí, de réir an cháis, SEC-SA a chur i bhfeidhm i gcás nach bhfuil an méid risíochta, atá ualaithe ó thaobh priacail, a thagann as cur i bhfeidhm SEC-SA ar cóimhéid leis na priacail atá ann don institiúid nó don chobhsaíocht airgeadais, lena n-áirítear an priacal creidmheasa atá leabaithe i risíochtaí foluiteacha an urrúsaithe ach gan bheith teoranta don phriacal creidmheasa sin. I gcás risíochtaí nach gcáilíonn mar shuíomhanna in urrúsú STC, féachfar go háirithe d'urrúsuithe a bhfuil gnéithe atá fíorchasta agus a bhfuil priacail mhóra ag gabháil leo.

5. Gan dochar do mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh institiúidí Cur Chuige an Mheasúnaithe Inmheánaigh a úsáid chun méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail a ríomh i ndáil le suíomh gan rátáil i gclár ABCP nó in idirbheart ABCP i gcomhréir le hAirteagal 266, ar an gcoinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 265. I gcás ina bhfuil cead faighte ag institiúid leas a bhaint as an as an gCur chuige an Mheasúnaithe Inmheánaigh i gcomhréir le hAirteagal 265(2) agus má thagann suíomh sonrach i gclár ABCP nó in idirbheart ABCP laistigh den raon feidhme a chumhdaítear leis an gcead sin, bainfidh an institiúid feidhm as Cur chuige an Mheasúnaithe Inmheánaigh chun méid na risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail a ríomh don suíomh sin.

6. I gcás suíomh ath-urrúsúcháin, cuirfidh institiúidí SEC-SA i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 261, leis na modhnuithe a leagtar amach in Airteagal 269.

▼M5

7. I ngach cás eile, sannfar ualú priacail 1 250 % do shuíomhanna urrúsúcháin.

8. Cuirfidh na húdaráis inniúla ÚBE ar an eolas faoi aon fhógra a thabharfar de bhun mhír 3 den Airteagal seo. Déanfaidh ÚBE faireachán ar thionchar an Airteagail seo ar cheanglais chaipitil agus ar an raon cleachtas maoirseachta a bhaineann le mír 4, den Airteagal seo agus tabharfaidh sé tuarascáil gach bliain don Choimisiún faoin méid a aimseoidh sé agus eiseoidh sé treoirlínte i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 255*

**$K_{IRB}$ agus $K_{SA}$ a chinneadh**

1. I gcás ina gcuireann institiúid SEC-IRBA i bhfeidhm faoi Fhoroinn 3, ríomhfaidh an institiúid $K_{IRB}$ i gcomhréir le mír 2 go mír 5.

2. Cinnfidh institiúidí $K_{IRB}$ trí na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail a ríomhfaí faoi Chaibidil 3 i ndáil leis na risíochtaí foluiteacha amhail is nár urrúsaíodh iad a iolrú faoi 8 %, arna roinnt faoi luach risíochta na risíochtaí foluiteacha. Sloinnfear $K_{IRB}$ i bhfoirm dheachúil idir nialas agus a haon.

3. Chun críocha $K_{IRB}$ a ríomh, áireofar ar na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail a ríomhfaí faoi Chaibidil 3 i ndáil leis na risíochtaí foluiteacha an méid seo a leanas:

(a) méid na gcaillteanas ionchasach a bhaineann le risíochtaí foluiteacha uile an urrúsaithe lena n-áirítear risíochtaí foluiteacha, agus iad ar mainneachtain, atá fós mar chuid den chomhthiomsú i gcomhréir le Caibidil 3; agus

(b) méid na gcaillteanas gan choinne a bhaineann leis na risíochtaí foluiteacha uile lena n-áirítear risíochtaí foluiteacha, agus iad ar mainneachtain, atá sa chomhthiomsú i gcomhréir le Caibidil 3;

4. Féadfaidh institiúidí $K_{IRB}$ a ríomh i ndáil le risíochtaí foluiteacha an urrúsaithe i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach i gCaibidil 3 chun riachtanais chaipitil le haghaidh earraí infhaighte ceannaithe a ríomh. Chun na gcríoch sin, láimhseálfar risíochtaí miondíola amhail earraí infhaighte miondíola ceannaithe agus láimhseálfar risíochtaí neamh-mhiondíola mar earraí infhaighte corparáideacha ceannaithe.

5. Ríomhfaidh na hinstitiúidí $K_{IRB}$ as féin do phriacal caolúcháin i ndáil le risíochtaí foluiteacha suíomhanna urrúsúcháin má bhíonn priacal caolúcháin ábhartha i gcás na risíochtaí sin.

I gcás ina láimhseáiltear caillteanais ó phriacail chaolúcháin agus chreidmheasa ar bhealach comhiomlán san urrúsú, déanfaidh institiúidí $K_{IRB}$ do phriacal caolúcháin agus creidmheasa faoi seach a chomhcheangal in aon $K_{IRB}$ amháin chun críocha Fhoroinn 3. Féadfar a mheas, i gcás cúlchiste aonair nó ró-urrúsú comhthaobhach atá ar fáil chun caillteanais de bharr priacal creidmheasa nó caolúcháin a chumhdach, gur tásc é sin go bhfuil na priacail seo á láimhseáil ar bhealach comhiomlán.

▼M5

I gcás nach láimhseáiltear priacal caolúcháin agus creidmheasa ar bhealach comhiomlán san urrúsú, modhnóidh institiúidí an láimhseáil a leagtar amach sa dara mír chun an $K_{IRB}$ faoi seach do phriacal caolúcháin agus creidmheasa a chomhcheangal ar bhealach stuama.

6. I gcás ina gcuireann institiúid SEC-SA i bhfeidhm faoi Fhoroinn 3, déanfaidh sí $K_{SA}$ a ríomh trí na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail, a ríomhfaí faoi Chaibidil 2 i ndáil leis na risíochtaí foluiteacha amhail is nár urrúsaíodh iad, a iolrú faoi 8 % arna roinnt faoi luach na risíochtaí foluiteacha. Sloinnfear $K_{SA}$ i bhfoirm dheachúil idir nialas agus a haon.

Chun críocha na míre seo, ríomhfaidh institiúidí luach risíochta na risíochtaí foluiteacha gan aon choigeartuithe priacail creidmheasa sonracha agus coigeartuithe luacha breise a ghlanluacháil i gcomhréir le hAirteagal 34 agus le hAirteagal 110 agus laghduithe cistí dílse eile.

7. Chun críocha mhír 1 go mhír 6, i gcás ina mbaineann úsáid SSPE le struchtúr urrúsúcháin, láimhseálfar risíochtaí uile SSPE a bhaineann leis an urrúsú mar risíochtaí foluiteacha. Gan dochar don mhéid thuas, féadfaidh an institiúid risíochtaí SSPE a eisiamh ón gcomhthiomsú risíochtaí foluiteacha chun críocha $K_{IRB}$ nó $K_{SA}$ a ríomh mura mbeidh an priacal ó risíochtaí SSPE ábhartha nó mura ndéanfaidh sé difear do shuíomh urrúsúcháin na hinstitiúide.

I gcás urrúsuithe sintéiseacha cistithe, déanfar aon fháltais ábhartha ó eisiúint nótaí creidmheas-nasctha nó oibleagáidí cistithe eile de chuid SSPE a fhónann mar chomhthaobhacht le haghaidh aisíocaíocht na suíomhanna urrúsúcháin a áireamh i ríomh $K_{IRB}$ nó $K_{SA}$ má bhíonn priacal creidmheasa na comhthaobhachta faoi réir leithdháileadh an tráinse caillteanais.

8. Chun críocha an tríú fomhír de mhír 5 den Airteagal seo, eiseoidh ÚBE treoirlínte i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 maidir leis na modhanna iomchuí le $K_{IRB}$ a chomhcheangal le haghaidh priacal caolúcháin agus creidmheasa i gcás nach láimhseáiltear na priacail sin ar bhealach comhiomlán in urrúsú.

9. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála t chun na coinníollacha a shonrú tuilleadh chun a cheadú d'institiúidí $K_{IRB}$ a ríomh do chomhthiomsuithe risíochtaí foluiteacha i gcomhréir le mír 4, go háirithe maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) beartas creidmheasa inmheánach agus samhlacha chun $K_{IRB}$ a ríomh le haghaidh urrúsuithe;

(b) fachtóirí éagsúla priacail a úsáid a bhaineann leis an gcomhthiomsú risíochtaí foluiteacha agus, i gcás nach mbeidh go leor sonraí iontaofa nó cruinne faoin gcomhthiomsú sin ar fáil, sonraí ionadacha a úsáid chun meastachán a dhéanamh ar PD agus LGD; agus

(c) ceanglais díchill chuí chun faireachán a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí agus ar na beartais de chuid díoltóirí earraí infhaighte nó tionscnóirí eile.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 18 Eanáir 2019.

▼M5

Tarmligfear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa dara fomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 256*

**Pointe astaithe (A) agus pointe dí-astaithe (D) a chinneadh**

1. Chun críocha Fhoroinn 3, déanfaidh na hinstitiúidí an pointe astaithe (A) a shocrú ar an tairseach ar a dtosófaí ag dáileadh caillteanais atá laistigh de chomhthiomsú na risíochtaí foluiteacha ar an suíomh urrúsúcháin ábhartha.

Sloinnfear an pointe astaithe (A) mar luach deachúil idir nialas agus a haon agus beidh sé cothrom leis an gceann is mó de nialas agus an cóimheas idir iarmhéid gan íoc chomhthiomsú na risíochtaí foluiteacha san urrúsú lúide iarmhéid gan íoc na dtráinsí uile atá níos sinsearaí nó *pari passu* maidir leis an tráinse ina bhfuil an suíomh urrúsúcháin ábhartha len n-áirítear an risíocht í féin agus maidir le hiarmhéid gan íoc na risíochtaí foluiteacha uile san urrúsú.

2. Chun críocha Fhoroinn 3, déanfaidh na hinstitiúidí an pointe dí-astaithe (D) a chinneadh ar an tairseach ar a mbeadh caillteanas iomlán phríomhshuim an tráinse ina bhfuil an suíomh urrúsúcháin ábhartha mar thoradh ar chaillteanais laistigh de chomhthiomsú na risíochtaí foluiteacha.

Sloinnfear an pointe dí-astaithe (D) mar luach deachúil idir nialas agus a haon agus beidh sé cothrom leis an gceann is mó de nialas agus an cóimheas idir iarmhéid gan íoc chomhthiomsú na risíochtaí foluiteacha san urrúsú lúide iarmhéid gan íoc na dtráinsí uile atá níos sinsearaí ná an tráinse ina bhfuil an suíomh urrúsúcháin ábhartha agus iarmhéid gan íoc na risíochtaí foluiteacha uile san urrúsú.

3. Chun críocha mhír 1 agus mír 2, láimhseálfaidh na hinstitiúidí ró-urrúsú comhthaobhach agus cuntais cúlchiste cistithe mar thráinsí agus na sócmhainní ina bhfuil na cuntais chúlchiste sin mar risíochtaí foluiteacha.

4. Chun críocha mhír 1 agus mhír 2, déanfaidh institiúidí neamhaird de chuntais chúlchiste neamhchistithe agus sócmhainní nach feabhsú creidmheasa iad, amhail sócmhainní nach soláthraíonn ach tacaíocht leachtach, babhtálacha airgeadra nó úis agus cuntais chomhthaobhacha airgid a bhaineann leis na suíomhanna sin san urrúsú. Maidir le cuntais chúlchiste chistithe agus sócmhainní a sholáthraíonn feabhsú creidmheasa, ní láimhseálfaidh an institiúid mar shuíomhanna urrúsúcháin ach na codanna sin de na cuntais nó na sócmhainní a bhfuil cumas glacadh caillteanais iontu.

5. I gcás ina bhfuil aibíochtaí éagsúla ag dhá cheann de shuíomhanna sinsearacha nó níos mó den idirbheart céanna ach go bhfuil an leithdháileadh caillteanais pro rata chéanna acu, déanfar ríomh na bpointí astaithe (A) agus na bpointí dí-astaithe (D) a bhunú ar iarmhéid comhiomlánaithe gan íoc na suíomhanna sin agus beidh na pointí astaithe (A) agus na pointí dí-astaithe (D) a thagann as sin mar an gcéanna.

▼M13

6. Chun pointí astaithe (A) agus pointí dí-astaithe (D) urrúsaithe shintéisigh a ríomh, déanfaidh institiúid tionscnóra an urrúsaithe luach risíochta an tseasaimh urrúsaithe a chomhfhreagraíonn don bharrachas raoin difríochta shintéisigh dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 248(1) a láimhseáil mar thráinse, agus déanfaidh sí pointí astaithe (A) agus

▼M13

pointí dí-astaithe (D) na dtráinsí eile arna gcoinneáil aici a choigeartú tríd an luach risíochta sin a chur le suim gan íoc chomhthiomsú na risíochtaí foluiteacha san urrúsú. Ní dhéanfaidh institiúidí nach iad an institiúid tionscnóra iad an coigeartú sin.

▼M5

*Airteagal 257*

**An tráinse aibíochta ($M_T$) a chinneadh**

1. Chun críocha Fhoroinn 3 agus faoi réir mhír 2, féadann institiúidí aibíocht tráinse ($M_T$) a thomhas:

(a) mar mheánaibíocht ualaithe na n-íocaíochtaí conarthacha atá dlite faoin tráinse i gcomhréir leis an bhfoirmle a leanas:

$$\sum_t t \cdot CF_t / \sum_t CF_t,$$

i gcás ina gcuireann $CF_t$ gach íocaíocht chonarthach in iúl (príomhshuim, ús agus táillí) atá iníoctha ag an iasachtaí le linn an tréimhse t; nó

(b) mar aibíocht dhlíthiúil deiridh an tráinse i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$M_T = 1 + (M_L - 1) * 80\ \%,$$

i gcás inarb é $M_L$ aibíocht dhlíthiúil deiridh an tráinse.

2. Chun críocha mhír 1, beidh an cinneadh faoi aibíocht tráinse ($M_T$) faoi réir íostairseach bliain amháin agus uastairseach 5 bliana i ngach cás.

3. Nuair a d'fhéadfadh institiúid a bheith ar ris caillteanais ionchasacha ó na risíochtaí foluiteacha de bhua conartha, déanfaidh an institiúid aibíocht suíomhanna urrúsúcháin a chinneadh trí aird a thabhairt ar aibíocht an chonartha agus ar an aibíocht is faide i gcás risíochtaí foluiteacha den chineál sin. Maidir le risíochtaí imrothlacha, beidh feidhm ag an aibíocht risíochta iarmhír is faide is féidir de réir conartha a d'fhéadfaí a chur leo le linn na tréimhse imrothlaí.

4. Déanfaidh ÚBE faireachán ar an raon cleachtas sa réimse seo, agus aird ar leith á tabhairt aige do chur i bhfeidhm phointe (a) de mhír 1 den Airteagal seo, agus déanfaidh sé, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, treoirlínte a eisiúint faoin 31 Nollaig 2019.

Foroinn 3

**Modhanna chun méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail a ríomh**

*Airteagal 258*

**Coinníollacha maidir leis an gCur Chuige Bunaithe ar Rátálacha Inmheánach (SEC-IRBA) a úsáid**

1. Bainfidh institiúidí úsáid as SEC-IRBA chun méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail a ríomh maidir le suíomh urrúsúcháin i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

▼**M5**

(a) tá an suíomh bunaithe ar chomhthiomsú IRB nó ar chomhthiomsú measctha, ar an gcoinníoll maidir leis an dara cás, gur féidir leis an institiúid $K_{IRB}$ a ríomh i gcomhréir le Roinn 3 ar 95 % ar a laghad den mhéid risíochta foluiteach;

(b) is leor an méid faisnéise atá ar fáil maidir le risíochtaí foluiteacha an urrúsaithe chun go mbeidh an institiúid in ann $K_{IRB}$ a ríomh; agus

(c) níl bac ar an institiúid SEC-IRBA a úsáid maidir le suíomh urrúsúcháin áirithe i gcomhréir le mír 2.

2. Féadfaidh údaráis inniúla ar bhonn gach cáis ar leith bac a chur ar úsáid SEC-IRBA i gcás ina bhfuil gnéithe an-chasta ag urrúsuithe nó ina bhfuil gnéithe a bhfuil go leor priacail ag baint leo acu. Chun na gcríoch sin, féadfar a mheas gur gnéithe an-chasta nó gnéithe a bhfuil go leor priacal ag baint leo na gnéithe a leanas:

(a) feabhsú creidmheasa a d'fhéadfaí a chreimeadh ar chúiseanna eile seachas caillteanais punainne;

(b) comhthiomsuithe risíochtaí foluiteacha ina bhfuil leibhéal ard comhghaoil inmheánaigh mar thoradh ar risíochtaí ródhlúth ar earnálacha ar leith nó ar limistéir gheoghrafacha;

(c) idirbhearta ina bhfuil aisíoc na suíomhanna urrúsúcháin ag brath go mór ar spreagaithe priacal nach bhfuil léirithe sa $K_{IRB}$; nó

(d) leithdháiltí an-chasta caillteanais idir tráinsí.

*Airteagal 259*

**Méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail a ríomh faoi SEC-IRBA**

1. Faoi SEC-IRBA, déanfar an méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail maidir le suíomh urrúsúcháin a ríomh trí luach risíochta an tsuímh, a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 248, a iolrú faoin ualú priacail is infheidhme a chinnfear mar a leanas, faoi réir íostairseach 15 % i ngach cás:

$RW = 1\,250\ \%$ nuair atá $D \leq K_{IRB}$

$RW = 12{,}5 \cdot K_{SSFA(K_{IRB})}$ nuair atá $A \geq K_{IRB}$

$RW = \left[\left(\frac{K_{IRB}-A}{D-A}\right) \cdot 12.5\right] + \left[\left(\frac{D-K_{IRB}}{D-A}\right) \cdot 12.5 \cdot K_{SSFA(K_{IRB})}\right]$ nuair atá $A < K_{IRB} < D$

i gcás inarb ionann:

$K_{IRB}$ agus muirear caipitil chomhthiomsú na risíochtaí foluiteacha mar a shainmhínítear in Airteagal 255

D agus an pointe dí-astaithe arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 256

A agus an pointe astaithe arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 256

$$K_{SSFA(K_{IRB})} = \frac{e^{a \cdot u} - e^{a \cdot l}}{a(u-l)}$$

i gcás inarb ionann:

$a = -\ (1/(p\ *\ K_{IRB}))$

$u = D - K_{IRB}$

$l = \text{uasmhéid}\ (A - K_{IRB};\ 0)$

▼**M5**

i gcás inarb ionann:

$p = \max [0{,}3;\ (A + B^*(1/N) + C^*K_{IRB} + D^*LGD + E^*M_T)]$

i gcás inarb ionann:

N agus líon éifeachtach na risíochtaí i gcomhthiomsú na risíochtaí foluiteacha, arna ríomh i gcomhréir le mír 4.

LGD agus an an meánchaillteanas i gcás mainneachtana atá ualaithe ó thaobh na risíochtaí i gcomhthiomsú na risíochtaí foluiteacha, arna ríomh i gcomhréir le mír 5.

$M_T$ agus aibíocht an tráinse arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 257.

Déanfar na paraiméadair A,B,C, D agus E a chinneadh i gcomhréir leis an tábla cuardaigh seo:

| | | A | B | C | D | E |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Neamh-mhiondíol | Sinsearach, gráinneach (N ≥ 25) | 0 | 3,56 | –1,85 | 0,55 | 0,07 |
| | Sinsearach, neamhghráinneach (N < 25) | 0,11 | 2,61 | –2,91 | 0,68 | 0,07 |
| | Neamhshinsearach, gráinneach (N ≥ 25) | 0,16 | 2,87 | –1,03 | 0,21 | 0,07 |
| | Neamhshinsearach, neamhghráinneach (N < 25) | 0,22 | 2,35 | –2,46 | 0,48 | 0,07 |
| Miondíol | Sinsearach | 0 | 0 | –7,48 | 0,71 | 0,24 |
| | Neamhshinsearach | 0 | 0 | –5,78 | 0,55 | 0,27 |

2. Má tá risíochtaí miondíola agus neamh-mhiondíola araon sa chomhthiomsú foluiteach IRB, roinnfear an comhthiomsú i bhfochomhthiomsú miondíola amháin agus i bhfochomhthiomsú neamh-mhiondíola amháin, agus maidir le gach fochomhthiomsú, déanfar meastachán ar p-pharaiméadar ar leithligh (agus ar na paraiméadair ionchuir freagracha N, $K_{IRB}$ agus LGD). Ina dhiaidh sin, déanfar meán p-pharaiméadar ualaithe a ríomh don idirbheart ar bhonn p-pharaiméadair gach fochomhthiomsaithe agus mhéid ainmniúil na risíochtaí i ngach fochomhthiomsú.

3. I gcás ina gcuireann institiúid SEC-IRBA i bhfeidhm maidir le comhthiomsú measctha, déanfar ríomh an p-pharaiméadair a bhunú ar na risíochtaí foluiteacha faoi réir an Chur Chuige IRB amháin. Déanfar neamhaird ar na risíochtaí foluiteacha atá faoi réir an Chur Chuige Caighdeánaithe chun na gcríoch seo.

4. Ríomhfar líon éifeachtach na risíochtaí (N) mar a leanas:

$$N = \frac{\left(\sum_i EAD_i\right)^2}{\sum_i EAD_i^2}$$

i gcás ina léiríonn $EAD_i$ an luach risíochta a bhaineann leis an $i^{ú}$ risíocht sa chomhthiomsú.

Comhdhlúthófar risíochtaí iolracha ar an oibleagáideoir céanna agus láimhseálfar iad mar risíocht amháin.

5. Ríomhfar an meánLGD atá ualaithe ó thaobh risíochta, mar a leanas:

$$LGD = \frac{\sum_i LGD_i \cdot EAD_i}{\sum_i EAD_i}$$

▼**M5**

i gcás ina léiríonn LGDi an meán LGD a bhaineann le gach risíocht ar an $i^{ú}$ oibleagáideoir.

I gcás ina láimhseáiltear priacail chreidmheasa agus chaolúcháin le haghaidh earraí infhaighte ceannaithe ar bhealach comhiomlán laistigh d'urrúsú, measfar an t-ionchur LGD a bheith mar mheán ualaithe an LGD i gcás priacal creidmheasa agus mar 100 % an LGD i gcás priacal caolúcháin. Is iad ceanglais chaipitil dhílse neamhspleácha an Cur chuige IRB a bhaineann le priacal creidmheasa agus le priacal caolúcháin faoi seach a bheidh ina n-ualaí. Chun na gcríoch seo, féadfar a mheas gur léiriú é cúlchiste aonair nó ró-urrúsú comhthaobhach atá ar fáil chun caillteanais de bharr priacal creidmheasa nó priacal caolúcháin a chumhdach go bhfuil na priacail seo á mbainistiú ar bhealach comhiomlán.

6. I gcás nach mó ná 3 % sciar na risíochta foluití is mó sa chomhthiomsú ($C_1$), féadfaidh institiúidí an modh simplithe seo a leanas a úsáid chun N agus na meánLGDanna atá ualaithe ó thaobh risíochta a ríomh:

$$N = \left( C_1 \cdot C_m + \left( \frac{C_m - C_1}{m - 1} \right) \cdot \max\{1 - m \cdot C_1, 0\} \right)^{-1}$$

LGD = 0,50

i gcás inarb ionann

$C_m$ agus an sciar den chomhthiomsú a chomhfhreagraíonn do shuim na m-risíochtaí is mó; agus

m is í an institiúid a leagann síos m.

Mura bhfuil le fáil ach $C_1$ agus murar mó an méid seo ná 0.03, féadfaidh an institiúid an LGD a leagan síos mar 0.50 agus N mar $1/C_1$.

7. I gcás ina bhfuil an suíomh bunaithe ar chomhthiomsú measctha agus ina bhfuil an institiúid in ann $K_{IRB}$ a ríomh ar 95 % de na méideanna risíochta foluiteacha ar a laghad i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 258(1), ríomhfaidh an institiúid an muirear caipitil don chomhthiomsú risíochtaí foluiteacha mar:

$$d \cdot K_{IRB} + (1 - d) \cdot K_{SA},$$

i gcás inarb ionann

d agus an sciar de mhéid risíochta na risíochtaí foluiteacha a bhfuil an institiúid in ann $K_{IRB}$ a ríomh ina leith thar mhéid risíochta na risíochtaí foluiteacha go léir.

8. I gcás ina bhfuil suíomh urrúsúcháin i bhfoirm díorthaigh ag institiúid chun priacail mhargaidh, lena n-áirítear priacail ráta úis nó airgeadra a fhálú, féadfaidh an institiúid ualú priacail atá bunaithe ar thátal a shannadh don díorthach sin, ualú atá coibhéiseach le hualú priacail an tsuímh tagartha arna ríomh i gcomhréir leis an Airteagal seo.

Chun críocha na chéad fhomhíre, is éard a bheidh sa suíomh tagartha ná an suíomh atá *pari passu* ar gach bealach leis an díorthach, nó i gcás nach ann don suíomh *pari passu* sin, an suíomh atá díreach faoi réir an díorthaigh.

▼M5

*Airteagal 260*

**Urrúsuithe STC a láimhseáil faoi SEC-IRBA**

Faoi SEC-IRBA, ríomhfar an t-ualú priacail maidir le suíomh in urrúsú STC i gcomhréir le hAirteagal 259, faoi réir na modhnuithe seo a leanas:

íosualú priacail do shuíomhanna urrúsúcháin sinsearacha = 10 %

$$p = \max\,[0{,}3;\ 0{,}5 \cdot (A + B \cdot (1/N) + C \cdot K_{IRB} + D \cdot LGD + E \cdot M_T)]$$

*Airteagal 261*

**Méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail a ríomh faoin gCur Chuige Caighdeánaithe (SEC-SA)**

1. Faoi SEC-SA, déanfar an méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail maidir le suíomh in urrúsú a ríomh trí luach risíochta an tsuímh arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 248 a iolrú faoin ualú priacail is infheidhme a chinnfear mar a leanas, faoi réir íostairseach 15 % i ngach cás:

$RW = 1\,250\ \%$ nuair atá $D \leq K_A$

$RW = 12.5 \cdot K_{SSFA(K_A)}$ nuair atá $A \geq K_A$

$RW = \left[\left(\frac{K_A - A}{D - A}\right) \cdot 12.5\right] + \left[\left(\frac{D - K_A}{D - A}\right) \cdot 12.5 \cdot K_{SSFA(K_A)}\right]$ when $A < K_A < D$

i gcás inarb ionann:

D agus an pointe dí-astaithe arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 256;

A agus an pointe astaithe arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 256;

$K_A$ Is paraiméadar é $K_A$ a ríomhtar i gcomhréir le mír 2;

$$K_{SSFA(K_A)} = \frac{e^{a \cdot u} - e^{a \cdot l}}{a(u - l)}$$

i gcás inarb ionann:

$a = -(1/(p \cdot K_A))$

$u = D - K_A$

$l$ = uasmhéid $(A - K_A;\ 0)$

p = maidir le risíocht urrúsúcháin nach risíocht ath-urrúsúcháin í

2. Chun críocha mhír 1, ríomhfar $K_A$ mar a leanas:

$$K_A = (1 - W) \cdot K_{SA} + W \cdot 0.5$$

i gcás inarb ionann:

$K_{SA}$ agus muirear caipitil an chomhthiomsaithe fholuitigh mar a shainmhínítear in Airteagal 255;

ina bhfuil W = an cóimheas idir:

(a) suim mhéid ainmniúil na risíochtaí foluiteacha ar mainneachtain, agus

(b) suim mhéid ainmniúil na risíochtaí foluiteacha uile.

▼M5

Chun na gcríoch seo, ciallóidh risíocht ar mainneachtain risíocht fholuiteach atá: (i) 90 lá nó níos mó thar téarma; (ii) faoi réir ag imeachtaí féimheachta nó dócmhainneachta; (iii) faoi réir ag imeacht foriaimh nó imeacht comhchosúil; nó (iv) ar mainneachtain i gcomhréir leis an doiciméadacht urrúsúcháin.

I gcás nach eol d'institiúid stádas faillí 5 % nó níos lú de na risíochtaí foluiteacha sa chomhthiomsú, féadfaidh an institiúid SEC-SA a úsáid i gcomhréir leis an gcoigeartú seo a leanas maidir le $K_A$ a ríomh:

$$K_A = \left(\frac{EAD_{\text{Subpool 1 where W known}}}{\text{EAD Total}} \times K_A^{\text{Subpool 1 where W known}}\right) + \frac{EAD_{\text{Subpool 2 where W unknown}}}{\text{EAD Total}}$$

I gcás nach eol d'institiúid stádas faillí níos mó ná 5 % de na risíochtaí foluiteacha sa chomhthiomsú, ní mór an suíomh san urrúsú a ualú ó thaobh priacail ag 1 250 %.

3. I gcás ina bhfuil suíomh urrúsúcháin i bhfoirm díorthaigh ag institiúid chun priacail mhargaidh, lena n-áirítear priacail ráta úis nó airgeadra a fhálú, féadfaidh an institiúid ualú priacail atá bunaithe ar thátal a shannadh don díorthach sin, ualú atá coibhéiseach le hualú priacail an tsuímh tagartha arna ríomh i gcomhréir leis an Airteagal seo.

Chun críocha na chéad mhíre seo, is éard a bheidh sa suíomh tagartha ná an suíomh atá *pari passu* ar gach bealach leis an díorthach, nó i gcás nach ann don suíomh *pari passu* sin, an suíomh atá díreach faoi réir an díorthaigh.

*Airteagal 262*

**Urrúsuithe STC a láimhseáil faoi SEC-SA**

Faoi SEC-IRBA, déanfar an t-ualú priacail maidir le suíomh in urrúsú STC a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 261, faoi réir na modhnuithe seo a leanas:

íosualú priacail do shuíomhanna urrúsúcháin sinsearacha = 10 %

$p = 0.5$

*Airteagal 263*

**Méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail a ríomh faoin gCur Chuige Bunaithe ar Rátálacha Seachtracha (SEC-IRBA)**

1. Faoi SEC-IRBA, déanfar an méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail maidir le suíomh urrúsúcháin a ríomh trí luach risíochta an tsuímh, a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 248, a iolrú faoin ualú priacail is infheidhme i gcomhréir leis an Airteagal seo.

2. Maidir le risíochtaí a mbaineann measúnuithe creidmheasa gearrthéarmacha leo nó nuair is féidir rátáil atá bunaithe ar mheasúnú creidmheasa gearrthéarmach a bhunú de réir tátail i gcomhréir le mír 7, beidh feidhm ag na hualaí priacail a leanas:

*Tábla 1*

| Céim Cáilíochta Creidmheasa | 1 | 2 | 3 | Gach rátáil eile |
|---|---|---|---|---|
| Ualú priacail | 15 % | 50 % | 100 % | 1 250 % |

▼**M5**

3. Maidir le risíochtaí a mbaineann measúnuithe creidmheasa fadtéarmacha leo nó nuair is féidir rátáil atá bunaithe ar mheasúnú creidmheasa fadtéarmach a bhunú de réir tátail i gcomhréir le mír 7 den Airteagal seo, beidh feidhm ag na hualuithe priacail i dTábla 2 agus iad coigeartaithe mar is infheidhme maidir le haibíocht tráinse ($M_T$) i gcomhréir le hAirteagal 257 agus mír 4 den Airteagal seo agus maidir le tiús tráinse le haghaidh tráinsí neamhshinsearacha i gcomhréir le mír 5 den Airteagal seo:

*Tábla 2*

| Céim Cáilíochta Creidmheasa | Tráinse is sinsearaí | | Tráinse neamhshinsearach (tanaí) | |
|---|---|---|---|---|
| | Aibíocht tráinse ($M_T$) | | Aibíocht tráinse ($M_T$) | |
| | 1 bhliain | 5 bliana | 1 bhliain | 5 bliana |
| 1 | 15 % | 20 % | 15 % | 70 % |
| 2 | 15 % | 30 % | 15 % | 90 % |
| 3 | 25 % | 40 % | 30 % | 120 % |
| 4 | 30 % | 45 % | 40 % | 140 % |
| 5 | 40 % | 50 % | 60 % | 160 % |
| 6 | 50 % | 65 % | 80 % | 180 % |
| 7 | 60 % | 70 % | 120 % | 210 % |
| 8 | 75 % | 90 % | 170 % | 260 % |
| 9 | 90 % | 105 % | 220 % | 310 % |
| 10 | 120 % | 140 % | 330 % | 420 % |
| 11 | 140 % | 160 % | 470 % | 580 % |
| 12 | 160 % | 180 % | 620 % | 760 % |
| 13 | 200 % | 225 % | 750 % | 860 % |
| 14 | 250 % | 280 % | 900 % | 950 % |
| 15 | 310 % | 340 % | 1 050 % | 1 050 % |
| 16 | 380 % | 420 % | 1 130 % | 1 130 % |
| 17 | 460 % | 505 % | 1 250 % | 1 250 % |
| Gach ceann eile | 1 250 % | 1 250 % | 1 250 % | 1 250 % |

4. D'fhonn an t-ualú priacail do thráinsí ina bhfuil aibíocht idir 1 bhliain agus 5 bliana a chinneadh, úsáidfidh institiúidí idirshuíomh líneach idir na hualuithe priacail is infheidhme maidir le haibíocht aon bhliain amháin agus 5 bliana faoi seach i gcomhréir le Tábla 2.

5. D'fhonn an tiús tráinse a chur san áireamh, déanfaidh institiúidí an t-ualú priacail do thráinsí neamhshinsearacha a ríomh mar a leanas:

$$RW = [\text{RW tar éis coigeartú maidir le haibíocht de réir mhír 4 a dhéanamh}] \cdot [1 - \text{íos}(T;\ 50\ \%)]$$

▼M5

i gcás inarb ionann

T = tiús an tráinse arna thomhas mar D – A

i gcás inarb ionann

D agus an pointe dí-astaithe arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 256

A agus an pointe astaithe arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 256

6. Beidh na hualuithe priacail maidir le tráinsí neamhshinsearacha de thoradh mhír 3 go mhír 5 faoi réir íostairseach 15 %. Ina theannta sin, ní bheidh na hualuithe priacail mar thoradh air sin níos ísle ná an t-ualú priacail a fhreagraíonn do thráinse hipitéiseach sinsearach den urrúsú céanna leis agus an measúnú creidmheasa agus an aibíocht chéanna.

7. Chun rátálacha atá bunaithe ar thátal a úsáid, sannfaidh institiúidí rátáil atá bunaithe ar thátal do shuíomh gan rátáil agus beidh an rátáil sin coibhéiseach le measúnú creidmheasa suímh tagartha rátáilte a chomhlíonann na coinníollacha seo go léir:

(a) tá an suíomh tagartha ar comhchéim ar gach bealach leis an suíomh urrúsúcháin gan rátáil nó, i gcás nach ann d'aicmiú *pari passu*, tá an suíomh tagartha díreach faoi réir an tsuímh gan rátáil;

(b) ní bhaineann an suíomh tagartha aon tairbhe as ráthaíochtaí tríú páirtí nó as aon fheabhsuithe creidmheasa eile nach bhfuil ar fáil ag an suíomh gan rátáil;

(c) beidh aibíocht an tsuímh tagartha cothrom le haibíocht an tsuímh gan rátáil atá i gceist nó níos faide ná í;

(d) ar bhonn leanúnach, tabharfar aon rátáil bunaithe ar thátal cothrom le dáta chun aon athruithe maidir le measúnú creidmheasa an tsuímh tagartha a léiriú.

8. I gcás ina bhfuil suíomh urrúsúcháin i bhfoirm díorthaigh ag institiúid chun priacail mhargaidh, lena n-áirítear priacail ráta úis nó airgeadra, a fhálú, féadfaidh an institiúid ualú priacail atá bunaithe ar thátal a shannadh don díorthach sin, ualú atá coibhéiseach le hualú priacail an tsuímh tagartha arna ríomh i gcomhréir leis an Airteagal seo.

Chun críocha na chéad fhomhíre, is éard a bheidh sa suíomh tagartha ná an suíomh atá *pari passu* ar gach bealach leis an díorthach, nó i gcás nach ann don suíomh *pari passu* sin, an suíomh atá díreach faoi réir an díorthaigh.

*Airteagal 264*

**Urrúsuithe STC a láimhseáil faoi SEC-ERBA**

1. Faoi SEC-ERBA, ríomhfar an t-ualú priacail maidir le suíomh in urrúsú STC i gcomhréir le hAirteagal 263, faoi réir na modhnuithe a leagtar síos san Airteagal seo.

2. Maidir le risíochtaí a mbaineann measúnuithe creidmheasa gearrthéarmacha leo nó nuair is féidir rátáil atá bunaithe ar mheasúnú creidmheasa gearrthéarmach a bhunú de réir tátail i gcomhréir le hAirteagal 263(7), beidh na hualuithe priacail a leanas infheidhme:

▼M5

*Tábla 3*

| Céim Cáilíochta Creidmheasa | 1 | 2 | 3 | Gach rátáil eile |
|---|---|---|---|---|
| Ualú priacail | 10 % | 30 % | 60 % | 1 250 % |

3. Maidir le risíochtaí a mbaineann measúnuithe creidmheasa fadtéarmacha leo nó nuair is féidir rátáil atá bunaithe ar mheasúnú creidmheasa fadtéarmach a bhunú de réir tátail i gcomhréir le hAirteagal 263(7), cinnfear ualuithe priacail i gcomhréir le Tábla 4 agus iad coigeartaithe maidir le haibíocht tráinse ($M_T$) i gcomhréir le hAirteagal 257 agus le hAirteagal 263(4) agus maidir le tiús tráinse le haghaidh tráinsí neamhshinsearacha i gcomhréir le hAirteagal 263(5):

*Tábla 4*

| Céim Cáilíochta Creidmheasa | Tráinse is sinsearaí | | Tráinse neamhshinsearach (tanaí) | |
|---|---|---|---|---|
| | Aibíocht tráinse ($M_T$) | | Aibíocht tráinse ($M_T$) | |
| | 1 bhliain | 5 bliana | 1 bhliain | 5 bliana |
| 1 | 10 % | 10 % | 15 % | 40 % |
| 2 | 10 % | 15 % | 15 % | 55 % |
| 3 | 15 % | 20 % | 15 % | 70 % |
| 4 | 15 % | 25 % | 25 % | 80 % |
| 5 | 20 % | 30 % | 35 % | 95 % |
| 6 | 30 % | 40 % | 60 % | 135 % |
| 7 | 35 % | 40 % | 95 % | 170 % |
| 8 | 45 % | 55 % | 150 % | 225 % |
| 9 | 55 % | 65 % | 180 % | 255 % |
| 10 | 70 % | 85 % | 270 % | 345 % |
| 11 | 120 % | 135 % | 405 % | 500 % |
| 12 | 135 % | 155 % | 535 % | 655 % |
| 13 | 170 % | 195 % | 645 % | 740 % |
| 14 | 225 % | 250 % | 810 % | 855 % |
| 15 | 280 % | 305 % | 945 % | 945 % |
| 16 | 340 % | 380 % | 1 015 % | 1 015 % |
| 17 | 415 % | 455 % | 1 250 % | 1 250 % |
| Gach ceann eile | 1 250 % | 1 250 % | 1 250 % | 1 250 % |

*Airteagal 265*

**Raon feidhme agus ceanglais oibríochtúla Chur Chuige an Mheasúnaithe Inmheánaigh**

1. Féadfaidh institiúidí méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail do shuíomhanna gan rátáil ar chláir ABCP nó in idirbhearta ABCP faoi Chur Chuige an Mheasúnaithe Inmheánaigh a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 266 nuair a chomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo.

I gcás ina bhfuil B cead faighte ag institiúid chun Cur Chuige an Mheasúnaithe Inmheánaigh a chur i bhfeidhm i gcomhréir le mír 2 den

▼M5

Airteagal seo, agus ina dtagann suíomh sonrach i gclár ABCP nó in idirbheart ABCP laistigh den raon feidhme a chumhdaítear leis an gcead sin, cuirfidh an institiúid an chur chuige sin i bhfedhm chun méid na risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail a ríomh don suíomh sin.

2. Tabharfaidh na húdaráis inniúla cead d'institiúidí Cur Chuige an Mheasúnaithe Inmheánaigh a chur i bhfeidhm laistigh de raon feidhme atá sainithe go soiléir i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas go léir:

(a) is suíomhanna rátáilte na suíomhanna go léir sa pháipéar tráchtála arna eisiúint ag an gclár ABCP;

(b) léiríonn an measúnú inmheánach ar cháilíocht chreidmheasa an tsuímh an mhodheolaíocht mheasúnaithe atá ag IMCS amháin nó níos mó atá ar fáil don phobal, chun suíomhanna urrúsúcháin atá bunaithe ar risíochtaí foluiteacha den chineál atá urrúsuithe a rátáil;

(c) an páipéar tráchtála a eisítear ón gclár ABCP, den chuid is mó eisítear d'infheisteoirí tríú páirtí é;

(d) tá próiseas measúnaithe inmheánach na hinstitiúide chomh coimeádach ar a laghad agus measúnuithe na IMCSanna sin atá ar fáil don phobal a sholáthair rátáil sheachtrach don pháipéar tráchtála arna eisiúint ag an gclár ABCP, go háirithe maidir le fachtóirí struis agus gnéithe cainníochtúla ábhartha eile;

(e) cuireann modheolaíocht na hinstitiúide maidir le measúnú inmheánach san áireamh gach modheolaíocht rátála ábhartha, atá ar fáil don phobal, de chuid na IMCSanna faoina rátáiltear páipéar tráchtála an chláir ABCP agus cuirtear san áireamh gráid rátála a fhreagraíonn do mheasúnuithe creidmheasa IMCSanna. Tabharfaidh an institiúid ina taifid inmheánacha ráiteas míniúcháin ina ndéanfar cur síos ar an gcaoi ar comhlíonadh na ceanglais a leagtar amach sa phointe seo agus tabharfaidh sí an ráiteas sin cothrom le dáta ar bhonn rialta;

(f) úsáideann an institiúid an mhodheolaíocht um measúnú inmheánach chun críocha bainistithe priacail inmheánaigh, lena n-áirítear a próisis cinnteoireachta, bainistíochta faisnéise agus a próisis inmheánacha maidir le leithdháileadh caipitil;

(g) déanann iniúchóirí inmheánacha nó seachtracha, IMCS, nó feidhm inmheánach athbhreithnithe creidmheasa nó bainistíochta priacail na hinstitiúide athbhreithniú rialta ar an bpróiseas measúnaithe inmheánaigh agus ar cháilíocht na measúnuithe inmheánacha arna ndéanamh ar cháilíocht chreidmheasa risíochtaí na hinstitiúide ar chlár ABCP nó ar idirbheart ABCP;

(h) déanfaidh an institiúid feidhmíocht a rátálacha inmheánacha a rianú le himeacht ama chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht a modheolaíochta um measúnú inmheánach agus déanfaidh sí an mhodheolaíocht sin a choigeartú, de réir mar is gá, má bhíonn difríocht rialta idir feidhmíocht na risíochtaí agus an fheidhmíocht arna léiriú ag na rátálacha inmheánacha;

(i) áireofar leis an gclár ABCP caighdeáin um bainistíocht frithgheallta agus dliteanais i bhfoirm treoirlínte do riarthóir an chláir maidir leis an méid seo a leanas, ar a laghad:

(i) na critéir maidir le hincháilitheacht sócmhainní, faoi réir phointe (j);

(ii) cineálacha agus luach airgeadaíoch na risíochtaí mar thoradh ar sholáthar saoráidí leachtachta agus feabhsuithe creidmheasa;

▼M5

(iii) an dáileachán caillteanais idir na suíomhanna urrúsúcháin sa chlár nó san idirbheart ABCP;

(iv) aonrú dlíthiúil agus eacnamaíoch na sócmhainní aistrithe ón eintiteas atá i mbun na sócmhainní a dhíol;

(j) leis na critéir maidir le hincháilitheacht sócmhainní sa chlár ABCP déantar foráil maidir leis an méid seo a leanas, ar a laghad:

(i) eisiamh ceannach sócmhainní atá go mór thar téarma nó ar mainneachtain;

(ii) teorannú ró-chomhchruinnithe maidir le limistéar geografach nó oibleagáideoir aonair; agus

(iii) teorannú éirim na sócmhainní a bheidh le ceannach;

(k) go ndéantar anailís ar phriacail chreidmheasa agus ar phróifíl ghnó dhíoltóir na sócmhainne, lena n-áireofar ar a laghad measúnú:

(i) ar fheidhmíocht airgeadais an díoltóra roimhe seo agus ar an bhfeidhmíocht airgeadais is dóigh a bheidh aige amach anseo;

(ii) ar shuíomh reatha an díoltóra ar an margadh, agus ar an iomaíochas is dócha a bheidh ann amach anseo;

(iii) ar luamhánacht, sreabhadh airgid, cumhdach úis agus rátáil fiachais an díoltóra; agus

(iv) ar chaighdeáin frithgheallta, cumas fiachas a sheirbhísiú, agus próisis bailiúcháin an díoltóra;

(l) tá beartais agus próisis bailiúcháin ag an gclár ABCP a chuireann cumas oibriúcháin agus cáilíocht chreidmheasa an tseirbhíseora san áireamh agus a chuimsíonn gnéithe a mhaolaíonn priacail a bhaineann le feidhmíocht an díoltóra agus an tseirbhíseora. Chun críocha an phointe seo, féadfar priacail a bhaineann le feidhmíocht a mhaolú trí thucaidí a bheidh bunaithe ar cháilíocht chreidmheasa reatha an díoltóra nó an tseirbhíseora cosc a chur ar mheascadh cistí i gcás mhainneachtain an díoltóra nó an tseirbhíseora;

(m) cuirtear san áireamh sa mheastachán comhiomlánaithe caillteanais ar chomhthiomsú sócmhainní a d'fhéadfaí a cheannach faoin gclár ABCP gach foinse a d'fhéadfadh priacal a beith ag baint leo, amhail priacal creidmheasa agus caolúcháin;

(n) i gcás ina bhfuil méid na bhfeabhsuithe creidmheasa a sholáthair an díoltóir bunaithe ar chaillteanais a bhaineann le creidmheas agus orthu sin amháin, agus más iomchuí an priacal caolúcháin i gcás an chomhthiomsaithe sócmhainní ar leith sin, is cúlchiste ar leithligh a bheidh sa chlár ABCP le haghaidh priacal caolúcháin;

(o) déantar méid an leibhéil fheabhsaithe is gá sa chlár ABCP a ríomh trí aird a thabhairt ar roinnt blianta d'fhaisnéis stairiúil, lena n-áirítear caillteanais, ciontóireacht, caoluithe, agus ráta láimhdeachais earraí infhaighte;

(p) sa chlár ABCP, tá gnéithe struchtúracha i gceist le linn risíochtaí a cheannach d'fhonn meathlú creidmheasa féideartha na punainne foluití a mhaolú. D'fhéadfaí tairseacha clabhsúir a bhaineann go sonrach le comhthiomsú risíochtaí a bheith ina ngnéithe sin;

▼M5

(q) déanfaidh an institiúid meastóireacht ar na gnéithe a bhaineann leis an gcomhthiomsú sócmhainní foluiteach, amhail an meánscór creidmheasa atá ualaithe, agus sainaithneoidh sí aon chomhchruinnithe d'oibleagáideoir aonair nó do limistéar geografach agus do ghráinneacht an chomhthiomsaithe sócmhainní.

3. Má dhéanann feidhm inmheánach iniúchóireachta, athbhreithnithe creidmheasa, nó bainistíochta priacail na hinstitiúide an t-athbhreithniú, dá bhforáiltear i bpointe (g) de mhír 2, beidh na feidhmiúcháin sin neamhspleách ar fheidhmiúcháin inmheánacha na hinstitiúide a bhaineann le gnó an chláir ABCP agus ar an gcaidreamh le custaiméirí.

4. Maidir le hinstitiúidí a bhfuil cead faighte acu Cur Chuige an Mheasúnaithe Inmheánaigh a úsáid, ní fhillfidh siad ar mhodhanna eile a úsáid maidir le suíomhanna a thagann faoi raon feidhme acu Cur Chuige an Mheasúnaithe Inmheánaigh, mura gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:

(a) tá léirithe ag an institiúid chun sástachta an údaráis inniúil go bhfuil cúis mhaith ag an institiúid déanamh amhlaidh;

(b) tá cead faighte ag an institiúid roimh ré ón údarás inniúil.

*Airteagal 266*

**Méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail a ríomh faoi Chur Chuige an Mheasúnaithe Inmheánaigh**

1. Faoi Chur Chuige an Mheasúnaithe Inmheánaigh, sannfaidh an institiúid an suíomh gan rátáil sa chlár ABCP nó san idirbheart ABCP do cheann amháin de na gráid rátála a leagtar síos i bpointe (e) d'Airteagal 265(2) ar bhonn a measúnaithe inmheánaigh. Sannfar rátáil arna díorthú don suíomh, rátáil a bheidh ar aon dul leis na measúnuithe creidmheasa a fhreagraíonn don ghrád rátála sin mar a leagtar síos i bpointe (e) d'Airteagal 265(2).

2. An rátáil arna díorthú i gcomhréir le mír 1, is rátáil ar leibhéal gráid infheistíochta nó níos fearr a bheidh inti an tráth a chéadsannfar í agus measfar gur measúnú creidmheasa incháilithe ó IMCS í chun méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 263 nó le hAirteagal 264, de réir mar is infheidhme.

Foroinn 4

**Uastairseacha le haghaidh suíomhanna urrúsúcháin**

*Airteagal 267*

**Ualú priacail uasta le haghaidh suíomhanna urrúsúcháin shinsearacha: Cur chuige an trébhreathnaithe**

1. Féadfaidh institiúid, a bhfuil comhdhéanamh na risíochtaí foluiteacha ar eolas aici an t-am ar fad, ualú priacail uasta a shannadh don suíomh urrúsúcháin sinsearach atá cothrom leis an meánualú priacail atá ualaithe ó thaobh risíochta a bheadh infheidhme maidir leis na risíochtaí foluiteacha amhail is nach ndearnadh na risíochtaí foluiteacha sin a urrúsú.

2. I gcás comhthiomsuithe risíochtaí foluiteacha nach mbaineann an institiúid úsáid ach as an gCur Chuige Caighdeánaithe nó as an gCur Chuige IRB ina leith, beidh ualú priacail uasta an tsuímh urrúsúcháin shinsearaigh cothrom leis an meánualú priacail atá ualaithe ó thaobh

▼M5

risíochta a bheadh i bhfeidhm maidir leis na risíochtaí foluiteacha faoi Chaibidil 2 nó faoi Chaibidil 3, faoi seach, amhail is nach ndearnadh iad a urrúsú.

I gcás comhthiomsuithe measctha, déanfar an t-ualú priacail uasta a ríomh mar seo a leanas:

(a) i gcás ina gcuirfidh an institiúid SEC-IRBA i bhfeidhm, sannfar ualú priacail an Chur Chuige Chaighdeánaithe agus ualú priacail an Chur Chuige IRB do chion an Chur Chuige Chaighdeánaithe agus do chion an Chur Chuige IRB den chomhthiomsú foluiteach faoi seach;

(b) i gcás ina gcuirfidh an institiúid SEC-SA nó SEC-ERBA i bhfeidhm, beidh an t-ualú priacail uasta do shuíomhanna urrúsúcháin sinsearacha cothrom leis an ualú priacail meánualaithe faoin gCur Chuige Caighdeánaithe atá ag na risíochtaí foluiteacha.

3. Chun críocha an Airteagail seo, san áireamh leis an ualú priacail a bheadh infheidhme faoin gCur Chuige IRB i gcomhréir le Caibidil 3, beidh cóimheas idir:

(a) na caillteanais ionchasacha iolraithe faoi 12.5, agus

(b) luach risíochta na risíochtaí foluiteacha.

4. I gcás ina mbeidh an t-ualú priacail uasta ríofa i gcomhréir le mír 1 níos lú ná na hualuithe priacail íosta a leagtar amach in Airteagal 259 go hAirteagal 264, de réir mar is infheidhme, bainfear úsáid as an ualú priacail níos lú sin seachas an t-ualú priacail íosta.

*Airteagal 268*

**Ceanglais maidir le caipiteal uasta**

1. Féadfaidh institiúid tionscnóra, institiúid is urraitheoir nó institiúid eile a úsáideann SEC-IRBA, nó institiúid tionscnóra nó institiúid is urraitheoir a úsáideann SEC-SA nó SEC-ERBA, féadfaidh sí ceanglas caipitil uasta a chur i bhfeidhm le haghaidh an tsuímh urrúsúcháin atá ina seilbh atá cothrom leis na ceanglais chaipitil a bheadh le ríomh faoi Chaibidil 2 nó faoi Chaibidil 3 i ndáil leis na risíochtaí forluiteacha amhail is nach ndearnadh iad a urrúsú. Chun críocha an Airteagail seo, beidh méid na gcaillteanas ionchasach a bhaineann leis na risíochtaí sin a ríomhadh faoi Chaibidil 3, agus méid na gcaillteanas neamhionchasach, san áireamh i gceanglas caipitil an Chur Chuige IRB.

2. I gcás comhthiomsuithe measctha, déanfar an ceanglas caipitil uasta a chinneadh trí mheánualú risíochta cheanglais chaipitil chodanna an Chur Chuige IRB agus an Chur Chuige Chaighdeánaithe de na risíochtaí foluiteacha a ríomh, i gcomhréir le mír 1.

3. Is é a bheidh sa cheanglas uasta caipitil an toradh a fhaightear nuair a iolraítear an méid arna ríomh i gcomhréir le mír 1 nó le mír 2 faoin gcion is mó úis atá i seilbh na hinstitiúide sna tráinsí ábhartha (V), arna shloinneadh mar chéatadán agus arna ríomh mar a leanas:

(a) i gcás institiúid a bhfuil suíomh urrúsúcháin amháin nó níos mó aici in aon tráinse amháin, beidh $V$ cothrom le cóimheas mhéid ainmniúil na suíomhanna urrúsúcháin atá i seilbh na hinstitiúide sin sa tráinse sin agus méid ainmniúil an tráinse;

▼M5

(b) i gcás institiúid a bhfuil suíomhanna urrúsúcháin aici i dtráinsí éagsúla, beidh V cothrom leis an gcion uasta úis thar na tráinsí. Chun na gcríoch sin, déanfar cion an úis i gcomhair gach ceann de na tráinsí éagsúla a ríomh mar a leagtar amach i bpointe (a).

4. Agus an ceanglas caipitil uasta á ríomh i gcomhair suíomh urrúsúcháin i gcomhréir leis an Airteagal seo, bainfear an méid iomlán d'aon fháltas ar dhíolachán agus ar stríoca úis amháin feabhsaithe creidmheasa a eascraíonn as an idirbheart urrúsúcháin ó ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 i gcomhréir le pointe (k) d'Airteagal 36(1).

Foroinn 5

**Forálacha ilghnéitheacha**

*Airteagal 269*

**Ath-urrúsuithe**

1. I gcás suíomh in ath-urrúsú, cuirfidh institiúidí SEC-SA i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 261, agus na hathruithe seo a leanas air:

(a) W = 0 i gcás aon risíocht ar thráinse urrúsúcháin laistigh ***den*** chomhthiomsú risíochtaí foluiteacha;

(b) p = 1.5;

(c) beidh an t-ualú priacail a thiocfaidh as sin faoi réir ualú priacail íosta 100 %.

2. Déanfar $K_{SA}$ le haghaidh na risíochtaí urrúsúcháin foluiteacha a ríomh i gcomhréir le Foroinn 2.

3. Ní chuirfear na ceanglais chaipitil uasta a leagtar amach i bhForoinn 4 i bhfeidhm maidir le suíomhanna ath-urrúsúcháin.

4. Sa chás gur meascán de thráinsí urrúsúcháin agus de chineálacha eile sócmhainní atá i gcomhthiomsú risíochtaí foluiteacha, déanfar an paraiméadar $K_A$ a chinneadh mar an meánualú ainmniúil risíochta den $K_A$ a dhéanfar a ríomh ar bhonn aonair le haghaidh gach fothacair risíochtaí.

▼M13

*Airteagal 269a*

**Láimhseáil urrúsuithe risíochtaí neamhthuillmheacha (NPE)**

1. Chun críocha an Airteagail seo:

(a) ciallaíonn "urrúsú NPE" urrúsú risíochta neamhthuillmhí (NPE) mar a shainmhínítear é i bpointe (25) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2017/2402;

(b) ciallaíonn "urrúsú traidisiúnta cáilitheach NPE" urrúsú traidisiúnta NPE i gcás inarb ionann an lascaine praghais ceannaigh neamh-inaisíoctha agus 50 % ar a laghad de mhéid gan íoc na risíochtaí foluiteacha tráth a aistríodh iad chuig SSPE.

2. Déanfar an t-ualach priacail maidir le suíomh in urrúsú NPE a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 254 nó 267. Beidh an t-ualach priacail faoi réir íosteorainn 100 %, seachas nuair a chuirtear Airteagal 263 i bhfeidhm.

▼M13

3. De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo, sannfaidh institiúidí ualach priacail 100 % don suíomh urrúsúcháin sinsearach in urrúsú traidisiúnta cáilitheach NPE, seachas nuair a chuirtear Airteagal 263 i bhfeidhm.

4. Institiúidí a chuireann Cur Chuige IRB i bhfeidhm maidir le haon risíochtaí i gcomhthiomsú na risíochtaí foluiteacha i gcomhréir le Caibidil 3 agus nach gceadaítear dóibh a meastacháin féin ar LGDanna agus fachtóirí coinbhéartachta a úsáid le haghaidh na risíochtaí sin, ní dhéanfaidh siad SEC-IRBA a úsáid chun méideanna risíochta a ualaítear ó thaobh priacal de a ríomh le haghaidh suíomh in urrúsú NPE agus ní chuirfidh siad mír 5 ná mír 6 i bhfeidhm.

5. Chun críocha Airteagal 268(1), cuirfear caillteanais ionchasacha a bhaineann le risíochtaí a fholuíonn urrúsú traidisiúnta cáilitheach NPE san áireamh i ndiaidh an lascaine praghais ceannaigh neamh-in-aisíoctha a asbhaint agus, i gcás inarb infheidhme, aon choigeartú sonrach breise i leith priacal creidmheasa a asbhaint.

Déanfaidh institiúidí an ríomh de réir na foirmle seo a leanas:

$$CR_{max} = RWEA_{IRB} \cdot 8\% + max\left[EL_{IRB} - NRPPD \cdot \frac{EV_{IRB}}{EV_{Pool}} - SCRA_{IRB}; 0\right] + RWEA_{SA} \cdot 8\%$$

i gcás:

$CR_{max}$ = an ceanglas caipitil uasta i gcás urrúsú traidisiúnta cáilitheach NPE;

$RWEA_{IRB}$ = suim na méideanna risíochta a ualaítear de réir priacal de na risíochtaí foluiteacha atá faoi réir Chur Chuige IRB;

$EL_{IRB}$ = suim mhéideanna an chaillteanais ionchasaigh de na risíochtaí foluiteacha atá faoi réir Chur Chuige IRB;

NRPPD = an lascaine praghais ceannaigh neamh-in-aisíoctha;

$EV_{IRB}$ = suim luachanna risíochta na risíochtaí foluiteacha atá faoi réir Chur Chuige IRB;

$EV_{Pool}$ = suim luachanna risíochta na risíochtaí foluiteacha uile sa chomhthiomsú;

$SCRA_{IRB}$ = i gcás institiúidí tionscnóra, na coigeartuithe sonracha i leith priacal creidmheasa arna ndéanamh ag an institiúid i ndáil leis na risíochtaí foluiteacha sin atá faoi réir Chur Chuige IRB ach amháin má sháraíonn na coigeartuithe sin NRPPD agus a mhéid a sháraíonn siad é sa chás sin; i gcás institiúidí infheisteora, is é nialas an méid;

$RWEA_{SA}$ = suim na méideanna risíochta a ualaítear de réir priacal de na risíochtaí foluiteacha atá faoi réir an Chur Chuige Chaighdeánaithe.

6. De mhaolú ar mhír 3 den Airteagal seo, i gcás ina bhfuil an meánualú priacail a ualaítear ó thaobh risíochta de arna ríomh i gcomhréir le cur chuige na trédhearcachta a leagtar amach in Airteagal 267 níos ísle ná 100 %, féadfaidh institiúidí an t-ualach priacail níos ísle a chur i bhfeidhm, faoi réir íosteorainn ualaigh priacail 50 %.

▼M13

Chun críocha na chéad fhomhíre, institiúidí tionscnóra a chuireann SEC-IRBA i bhfeidhm maidir le suíomh agus a gceadaítear dóibh a meastacháin féin ar LGDanna agus fachtóirí coinbhéartachta a úsáid le haghaidh na risíochtaí foluiteacha ar fad atá faoi réir Chur Chuige IRB i gcomhréir le Caibidil 3, déanfaidh siad an lascaine praghais ceannaigh neamh-in-aisíoctha agus, i gcás inarb infheidhme, aon choigeartú sonrach breise i leith priacal creidmheasa a bhaint as na caillteanais ionchasacha agus luachanna risíochta na risíochtaí foluiteacha a bhaineann le suíomh sinsearach in urrúsú traidisiúnta cáilitheach NPE de réir na foirmle seo a leanas:

$$RW_{max} = \frac{RWEA_{IRB} + \max\left[12.5 \cdot \left(EL_{IRB} - NRPPD \cdot \frac{EV_{IRB}}{EV_{Pool}} - SCRA_{IRB}\right); 0\right] + RWEA_{SA}}{\max\left[EV_{IRB} - NRPPD \cdot \frac{EV_{IRB}}{EV_{Pool}} - SCRA_{IRB}; 0\right] + EV_{SA}}$$

i gcás:

$RW_{max}$ = an t-ualach priacail, sula gcuirfear an íosteorainn i bhfeidhm, is infheidhme maidir le suíomh sinsearach in urrúsú traidisiúnta cáilitheach NPE nuair a úsáidtear cur chuige na trédhearcachta;

RWEAIRB = suim na méideanna risíochta a ualaítear de réir priacal de na risíochtaí foluiteacha atá faoi réir Chur Chuige IRB;

$RWEA_{SA}$ = suim na méideanna risíochta a ualaítear de réir priacal de na risíochtaí foluiteacha atá faoi réir an Chur Chuige Chaighdeánaithe;

$EL_{IRB}$ = suim mhéideanna an chaillteanais ionchasaigh de na risíochtaí foluiteacha atá faoi réir Chur Chuige IRB;

NRPPD = an lascaine praghais ceannaigh neamh-in-aisíoctha;

$EV_{IRB}$ = suim luachanna risíochta na risíochtaí foluiteacha atá faoi réir Chur Chuige IRB;

$EV_{pool}$ = suim luachanna risíochta na risíochtaí foluiteacha uile sa chomhthiomsú;

$EV_{SA}$ = suim luachanna risíochta na risíochtaí foluiteacha atá faoi réir an Chur Chuige Chaighdeánaithe;

$SCRA_{IRB}$ = na coigeartuithe sonracha i leith priacal creidmheasa arna ndéanamh ag an institiúid tionscnóra i ndáil leis na risíochtaí foluiteacha atá faoi réir Chur Chuige IRB ach amháin má sháraíonn na coigeartuithe sin NRPPD agus a mhéid a sháraíonn siad é sa chás sin

7. Chun críocha an Airteagail seo, déanfar an lascaine praghais ceannaigh neamh-in-aisíoctha a ríomh tríd an méid dá dtagraítear i bpointe (b) a bhaint ón méid dá dtagraítear i bpointe (a):

(a) an méid gan íoc de risíochtaí foluiteacha maidir le hurrúsú NPE ag an uair a aistríodh na risíochtaí sin chuig an eintiteas sainchuspóireach urrúsúcháin (SSPE);

(b) suim na nithe seo a leanas:

(i) praghas díola tosaigh na dtráinsí nó, i gcás inarb infheidhme, codanna de thráinsí maidir le hurrúsú NPE a dhíoltar le hinfheisteoirí tríú páirtí; agus

▼**M13**

(ii) méid gan íoc na dtráinsí, ag an uair a aistríodh na risíochtaí foluiteacha chuig SSPE, nó, i gcás inarb infheidhme, méid gan íoc codanna de thráinsí an urrúsaithe sin atá ina sheilbh ag an tionscnóir.

Chun críocha mhíreanna 5 agus 6, i rith shaolré an idirbhirt, déanfar ríomh na lascaine praghais ceannaigh neamh-in-aisíoctha a choigeartú anuas, agus na caillteanais réadaithe á gcur san áireamh. Déanfaidh aon laghdú ar mhéid gan íoc na risíochtaí foluiteacha a thagann as caillteanais réadaithe an lascaine praghais ceannaigh neamh-in-aisíoctha a laghdú, faoi réir íosteorainn nialais.

I gcás ina ndéanfar lascaine a struchtúrú sa chaoi gur féidir í a aisíoc go hiomlán nó go páirteach leis an tionscnóir, ní áireofar an lascaine sin mar lascaine praghais ceannaigh neamh-in-aisíoctha chun críocha an Airteagail seo.

*Airteagal 270*

**Suíomhanna sinsearacha in urrúsuithe STS laistigh den chlár comhardaithe**

1. Na méideanna risíochta a ualaítear de réir priacal de shuíomh urrúsúcháin in urrúsú STS laistigh den chlár comhardaithe dá dtagraítear in Airteagal 26a(1) de Rialachán (AE) 2017/2402, féadfaidh institiúid tionscnóra na méideanna sin a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 260, 262 nó 264 den Rialachán seo, de réir mar is infheidhme, i gcás ina gcomhlíonann an suíomh sin an dá choinníoll seo a leanas:

(a) go gcomhlíontar leis an urrúsú na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 243(2);

(b) go gcáilíonn an suíomh mar an suíomh urrúsúcháin sinsearach.

2. Déanfaidh ÚBE faireachán ar chur i bhfeidhm mhír 1, go háirithe i ndáil leis an méid seo a leanas:

(a) méid margaidh agus sciar margaidh urrúsuithe STS laistigh den chlár comhardaithe a gcuireann an institiúid tionscnóra mír 1 i bhfeidhm ina leith ar fud aicmí éagsúla sócmhainní;

(b) leithdháileadh breathnaithe na gcaillteanas ar an tráinse sinsearach agus ar thráinsí eile d'urrúsuithe STS laistigh den chlár comhardaithe, i gcás ina gcuireann an institiúid tionscnóra mír 1 i bhfeidhm i leith an tsuímh shinsearaigh atá ann in urrúsuithe den sórt sin;

(c) tionchar chur i bhfeidhm mhír 1 ar luamhánú na n-institiúidí;

(d) tionchar na húsáide a bhaintear as urrúsuithe STS laistigh den chlár comhardaithe, ar urrúsuithe iad a gcuireann an institiúid tionscnóra mír 1 i bhfeidhm ina leith maidir le hionstraimí caipitil a bheith á n-eisiúint ag na hinstitiúidí tionscnóra faoi seach.

3. Cuirfidh ÚBE tuarascáil ar na torthaí faoi bhráid an Choimisiúin faoin 10 Aibreán 2023.

▼M13

4. Faoin 10 Deireadh Fómhair 2023, déanfaidh an Coimisiún, ar bhonn na tuarascála dá dtagraítear i mír 3, tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar chur i bhfeidhm an Airteagail seo, ina dtabharfar aird ar leith ar an bpriacal luamhánaithe iomarcaigh a thagann as úsáid a bhaint as urrúsuithe STS laistigh den chlár comhardaithe atá incháilithe le haghaidh na láimhseála i gcomhréir le mír 1 agus ionstraimí caipitil a bheith á n-eisiúint ag na hinstitiúidí tionscnóra tríd an úsáid sin, agus ar an ionadú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an eisiúint sin. Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin, i gcás inarb iomchuí.

▼M5

*Airteagal 270a*

**Ualú priacail breise**

1. I gcás nach gcomhlíonann institiúid na ceanglais i gCaibidil 2 de Rialachán (AE) 2017/2402 in aon cháil ábhartha mar gheall ar fhaillí nó neamhghníomh na hinstitiúide, forchuirfidh na húdaráis inniúla ualú priacail breise comhréireach nach lú ná 250 % den ualú priacail (agus tairseach 1 250 % leis), ualú a mbeidh feidhm aige maidir leis na suíomhanna urrúsúcháin iomchuí ar an tslí a shonraítear in Airteagal 247(6) nó Airteagal 337(3) den Rialachán seo faoi seach. Méadóidh an t-ualú priacail breise de réir a chéile le gach sárú a dhéanfar ina dhiaidh sin ar na forálacha maidir le dícheall cuí agus le bainistiú riosca. Cuirfidh na húdaráis inniúla san áireamh na díolúintí d'urrúsuithe áirithe a thugtar in Airteagal 6(5) de Rialachán (AE) 2017/2402 tríd an ualú priacail a d'fhorchuirfí murach sin faoin Airteagal seo a laghdú i leith urrúsú a bhfuil feidhm ag Airteagal 6(5) den Rialachán (AE) 2017/2402 maidir leis.

2. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme d'fhonn cóineasú cleachtas maoirseachta a éascú i dtaca le mír 1 den Airteagal seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear na bearta a ghlacfar i gcás ina sárófar na hoibleagáidí maidir le dícheall cuí agus bainistíocht priacail. Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Eanáir 2014.

Tugtar cumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Roinn 4

**Measúnuithe creidmheasa seachtracha**

*Airteagal 270b*

**Measúnuithe creidmheasa á n-úsáid ag IMCSanna**

Ní fhéadfaidh institiúidí measúnuithe creidmheasa a úsáid chun ualú priacail de chuid suíomh urrúsúcháin a chinneadh i gcomhréir leis an gCaibidil seo ach amháin sa chás ina bhfuil an measúnú creidmheasa eisithe nó formhuinithe ag IMCS i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009.

▼M5

*Airteagal 270c*

**Ceanglais a bheidh le comhlíonadh ag measúnuithe creidmheasa IMCSanna**

Chun méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail a ríomh i gcomhréir le Roinn 3, ní úsáidfidh institiúidí measúnú creidmheasa de chuid IMCS ach amháin má chomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) níl neamhréir ar bith idir na cineálacha íocaíochtaí atá léirithe sa mheasúnú creidmheasa agus na cineálacha íocaíochtaí a bhfuil an institiúid ina dteideal faoin gconradh as a dtagann an suíomh urrúsúcháin atá i gceist;

(b) foilsíonn an IMCS na measúnuithe creidmheasa agus an fhaisnéis maidir leis an anailís chaillteanais agus sreabhadh airgid, íogaireacht na rátálacha i leith athruithe i dtoimhdí foluiteacha na rátálacha, lena n-áirítear feidhmíocht na risíochtaí foluiteacha, agus maidir leis na nósanna imeachta, na modheolaíochtaí, na toimhdí agus na príomhghnéithe atá ina mbuntaca leis na measúnaithe creidmheasa i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009. Chun críocha an phointe seo, measfar faisnéis a bheith ina faisnéis atá ar fáil go poiblí má dhéantar í a fhoilsiú i bhformáid inrochtana. Ní mheasfar faisnéis nach gcuirtear ar fáil ach do líon teoranta eintiteas a bheith ina faisnéis atá ar fáil go poiblí;

(c) tá na measúnuithe creidmheasa san áireamh i maitrís thrasdultach an IMCS;

(d) níl na measúnuithe creidmheasa bunaithe ná bunaithe i bpáirt ar thacaíocht neamhchistithe arna soláthar ag an institiúid féin. I gcás ina mbeidh suíomh bunaithe nó bunaithe i bpáirt ar thacaíocht neamhchistithe, measfaidh an institiúid an suíomh sin amhail is go raibh sé gan rátáil ar mhaithe le méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail a ríomh don suíomh sin i gcomhréir le Roinn 3;

(e) tá gealltanas tugtha ag an IMCS mínithe a fhoilsiú maidir leis an tionchar a bheidh ag feidhmíocht risíochtaí foluiteacha ar an measúnú creidmheasa.

*Airteagal 270d*

**Measúnuithe creidmheasa a úsáid**

1. Féadfaidh institiúid a chinneadh IMCS amháin nó níos mó a ainmniú, agus úsáidfear measúnuithe creidmheasa ón institiúid/ó na hinstitiúidí sin chun an chuid sin dá méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail a ríomh faoin gCaibidil seo ('IMCS ainmnithe').

2. Bainfidh institiúid úsáid as measúnuithe creidmheasa ar a suíomhanna urrúsúcháin go comhsheasmhach agus ní go roghnach agus, chun na gcríoch sin, comhlíonfaidh an institiúid na ceanglais seo a leanas:

(a) ní úsáidfidh institiúid measúnuithe creidmheasa IMCS dá suíomhanna i dtráinsí áirithe agus measúnuithe creidmheasa de chuid IMCS eile dá suíomhanna i dtráinsí eile laistigh den urrúsú céanna a d'fhéadfadh a bheith nó gan bheith rátáilte ag an gcéad IMCS;

(b) i gcás ina bhfuil dhá mheasúnú creidmheasa ó IMCSanna ainmnithe ann maidir le suíomh, bainfidh an institiúid úsáid as an measúnú creidmheasa is lú fabhar;

▼M5

(c) i gcás ina bhfuil trí mheasúnú creidmheasa nó níos mó ó IMCSanna ainmnithe ann maidir le suíomh, bainfear úsáid as an dá mheasúnú creidmheasa is fabhraí. I gcás ina bhfuil an dá mheasúnú creidmheasa is fabhraí éagsúil le chéile, bainfear úsáid as an measúnú is lú fabhar;

(d) ní iarrfaidh institiúid go ndéanfar rátálacha is lú fabhar a tharraingt siar.

3. I gcás ina mbaineann na risíochtaí a fholuíonn urrús leas as cosaint chreidmheasa incháilithe iomlán nó i bpáirt i gcomhréir le Caibidil 4 agus gur léirigh IMCS ainmnithe an tionchar atá ag an gcosaint sin sa mheasúnú creidmheasa ar shuíomh urrúsúcháin, úsáidfidh an institiúid an t-ualú priacail a bhaineann leis an measúnú creidmheasa sin. I gcás nach bhfuil an chosaint chreidmheasa dá dtagraítear sa mhír seo incháilithe faoi Chaibidil 4, ní aithneofar an measúnú creidmheasa agus láimhseálfar an suíomh urrúsúcháin mar shuíomh gan rátáil.

4. I gcás ina mbaineann suíomh urrúsúcháin leas as cosaint chreidmheasa incháilithe i gcomhréir le Caibidil 4 agus gur léirigh IMCS ainmnithe an tionchar atá ag an gcosaint sin ina mheasúnú creidmheasa, láimhseálfaidh an institiúid an suíomh urrúsúcháin amhail is go raibh sé gan rátáil agus déanfaidh sí na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacail a ríomh i gcomhréir le Caibidil 4.

*Airteagal 270e*

**Urrús a mhapáil**

Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun na céimeanna cáilíochta creidmheasa a leagtar amach sa Chaibidil seo a bhaineann le measúnuithe creidmheasa ábhartha gach IMCS a mhapáil ar bhealach oibiachtúil comhsheasmhach. Chun críocha an Airteagail seo, déanfaidh ÚBE an méid seo a leanas, go háirithe:

(a) idirdhealú idir na céimeanna coibhneasta priacail a chuirtear in iúl i ngach measúnú;

(b) fachtóirí cainníochtúla a mheas, amhail rátaí mainneachtana nó caillteanais agus feidhmíocht stairiúil na measúnuithe creidmheasa a rinne gach IMCS thar aicmí sócmhainne éagsúla;

(c) fachtóirí cáilíochtúla a mheas, amhail raon na n-idirbheart arna mheasúnú ag an IMCS, a mhodheolaíocht agus an bhrí atá lena mheasúnuithe creidmheasa, go háirithe cé acu a chuirtear an caillteanas ionchasach nó an chéad chaillteanas Euro, agus íocaíocht thráthúil úis nó íocaíocht deiridh úis san áireamh;

(d) iarracht lena áirithiú go mbaineann suíomhanna urrúsúcháin lena gcuirtear an t-ualú priacail céanna i bhfeidhm ar bhonn measúnuithe creidmheasa IMCSanna, go mbaineann céimeanna coibhéiseacha priacail chreidmheasa leo.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Iúil 2014.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

▼B

*CAIBIDIL 6*

***Priacal creidmheasa an chontrapháirtí***

Roinn 1

**Sainmhínithe**

*Airteagal 271*

**Luach na risíochta a chinneadh**

1. Cinnfidh institiúid luach na risíochta a bhaineann le hionstraimí díorthacha a liostaítear in Iarscríbhinn II i gcomhréir leis an gCaibidil seo.

2. Féadfaidh institiúid luach risíochta na n-idirbheart athcheannaigh, na n-idirbheart iasachtaithe nó iasachtaíochta i leith urrús nó tráchtearraí, na n-idirbheart socraíochta iarchurtha agus na n-idirbheart iasachtaithe corrlaigh a chinneadh i gcomhréir leis an gCaibidil seo in ionad úsáid a bhaint as Caibidil 4.

*Airteagal 272*

**Sainmhínithe**

Chun críocha na Caibidle seo agus Theideal VI den Chuid seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

Téarmaí ginearálta

(1) ciallaíonn 'priacal creidmheasa an chontrapháirtí' nó 'CCR' an priacal a d'fhéadfadh contrapháirtí in idirbheart mainneachtain roimh shocraíocht chríochnaitheach shreabha airgid an idirbhirt;

Cineálacha idirbheart

(2) ciallaíonn 'idirbhearta socraíochta iarchurtha' idirbhearta i gcás ina ngeallann contrapháirtí urrús, tráchtearra nó suim malairte eachtraí a sheachadadh i gcoinne airgid thirim, ionstraimí airgeadais eile, nó tráchtearraí, nó a mhalairt, ag dáta socraíochta nó seachadta arna shonrú i gconradh atá níos déanaí ná caighdeán an mhargaidh don chineál idirbhirt ar leith seo nó cúig lá gnó tar éis an dáta ina dtéann an institiúid i mbun an idirbhirt, cibé acu is luaithe;

(3) ciallaíonn 'idirbhearta iasachta corrlaigh' idirbhearta ina síneann institiúid creidmheas i ndáil le hurrúis a cheannach, a dhíol, a iompar nó a thrádáil. Níl iasachtaí eile atá urraithe le comhthaobhacht i bhfoirm urrús san áireamh in idirbhearta iasachta corrlaigh;

Tacar glanluachála, tacar fálaithe agus téarmaí gaolmhara

(4) ciallaíonn 'tacar glanluachála' grúpa idirbheart idir institiúid agus contrapháirtí amháin atá faoi réir ag socrú glanluachála déthaobhach is infheidhme le dlí a aithnítear faoi Roinn 7 agus Caibidil 4;

Déanfar gach idirbheart nach bhfuil faoi réir ag socrú glanluachála déthaobhach is infheidhme le dlí a aithnítear faoi Roinn 7 a láimhseáil mar a thacar glanluachála féin chun cuspóirí na Caibidle seo;

▼B

Faoi Mhodh na Samhla Inmheánaí a leagtar amach i Roinn 6, féadfar gach tacar glanluachála le contrapháirtí amháin a láimhseáil mar thacar glanluachála amháin má shocraítear luachanna margaidh ionsamhlaithe diúltacha na dtacar glanluachála aonair go 0 sa mheastachán den risíochtionchasach (dá ngairtear 'EE' anseo feasta);

(5) ciallaíonn 'suíomh priacal' uimhir priacal a shanntar d'idirbheart faoin Modh Caighdeánaithe a leagtar amach i Roinn 5 de réir algartaim réamhchinntithe;

▼M8

(6) ciallaíonn 'tacar fálaithe' grúpa idirbheart laistigh de thacar glanluachála aonair dá gceadaítear fritháireamh iomlán nó páirteach chun an risíocht fhéideartha thodhchaíoch a chinneadh de réir na modhanna a leagtar amach i Roinn 3 nó i Roinn 4 den Chaibidil seo;

▼B

(7) ciallaíonn 'comhaontú corrlaigh' comhaontú nó forálacha comhaontaithe faoinar gá do chontrapháirtí amháin comhthaobhacht a sholáthar do dhara contrapháirtí eile nuair a sháraíonn risíocht den dara contrapháirtí sin ar an gcéad chontrapháirtí leibhéal sonraithe;

▼M8

(7a) ciallaíonn 'comhaontú corrlaigh aontreo' comhaontú corrlaigh faoina n-éileofar ar an institiúid corrlaigh athrúcháin a bhreacadh chuig contrapháirtí ach nach bhfuil sí i dteideal corrlach athrúcháin a fháil ón gcontrapháirtí sin nó a mhalairt;

▼B

(8) ciallaíonn 'tairseach corrlaigh' an méid is mó de risíochta fhanann gan íoc sula mbeidh ceart ag páirtí amháin glao a dhéanamh ar chomhthaobhacht;

(9) ciallaíonn 'tréimhse corrlaigh faoi phriacal' an tréimhse ama ón malartú comhthaobhachta is déanaí ina gcuimsítear tacar glanluachála idirbheart le contrapháirtí mainneachtana go dtí go ndúntar amach na hidirbhearta agus go ndéantar an bpriacal margaidh atá ann dá bharr a ath-fhálú;

▼C2

(10) ciallaíonn 'aibíocht iarbhír' faoi Mhodh na Samhla Inmheánaí le haghaidh tacar glanluachála le haibíocht de níos mó ná bliain amháin cóimheas shuim na risíochta ionchasaí thar shaolré na n-idirbheart sa tacar glanluachála lascainithe ag an ráta toraidh saor ó priacal, arna roinnt ar shuim na risíochta ionchasaí thar bhliain amháin i dtacar glanluachála lascainithe ag an ráta saor ó priacal;

▼B

Féadfar an aibíocht iarbhír sin a oiriúnú chun an priacal tar-rollta a léiriú má dhéantar an risíocht ionchasach a ionadú leis an risíocht ionchasach iarbhír do thréimhsí réamhaisnéise níos lú ná bliain amháin;

(11) ciallaíonn 'glanluacháil trastáirgí' idirbhearta de chatagóirí éagsúla táirgí a áireamh laistigh den tacar glanluachála céanna de bhun na rialacha um Ghlanluacháil Trastáirgí a leagtar amach sa Chaibidil seo;

▼M8

(12) ciallaíonn 'margadhluach reatha', nó 'CMV' margadhluach glan na n-idirbheart uile laistigh de thacar glanluachála, d'aon chomhthaobhacht a fuarthas nó a breacadh, i gcás margadh dearfach agus margadh diúltach a bheith glanluacháilte agus an CMV á ríomh;

▼M8

(12a) ciallaíonn ‘glanmhéid na comhthaobhachta neamhspleáiche’ nó ‘NICA’ suim luach na glanchomhthaobhachta arna choigeartú i bhfianaise na luaineachta, a fuarthas nó a breacadh, de réir mar is infheidhme, chuig an tacar glanluachála seachas an corrlach athrúcháin;

▼B

Dáileacháin

(13) ciallaíonn 'dáileadh margadhluachanna' réamhaisnéis maidir le dáileadh dóchúlachta de ghlan-mhargadhluachanna na n-idirbheart laistigh de thacar glanluachála do dháta sa todhchaí (an tréimhse réamhaisnéise), má thugtar margadhluach réadaithe na n-idirbheart sin ar dháta na réamhaisnéise;

(14) ciallaíonn 'dáileadh risíochtaí' réamhaisnéis maidir le dáileadh dóchúlachta na margadhluachanna a ghintear trí áisc réamhaisnéise de ghlan-mhargadhluachanna diúltacha a shocrú cothrom le nialas;

(15) ciallaíonn 'dáileadh priacal -neodrach' dáileadh margadhluachanna nó risíochtaí thar thréimhse ama sa todhchaí nuair a dhéantar an dáileadh a ríomh ag úsáid luachanna intuigthe an mhargaidh amhail luaineachtaí intuigthe;

(16) ciallaíonn 'dáileadh iarbhír' dáileadh margadhluachanna nó risíochtaí ag tréimhse ama sa todhchaí nuair a dhéantar an dáileadh a ríomh ag úsáid luachanna stairiúla nó réadaithe amhail luaineachtaí arna ríomh ag úsáid athruithe ar phraghsanna nó ar rátaí ón am atá thart;

Aonaid tomhais agus coigeartuithe risíochta

(17) ciallaíonn 'risíocht reatha' an ceann is mó idir nialas agus margadhluach idirbhirt nó punainne idirbheart laistigh de thacar glanluachála le contrapháirtí a chaillfí ar mhainneachtain an chontrapháirtí, ag glacadh leis nach ndéanfaí gnóthú ar luach na n-idirbheart sin i ndócmhainneacht nó i leachtacht;

(18) ciallaíonn 'risíocht bhuaice' peircintíl ard de dháileadh na risíochtaí ar dháta faoi leith sa todhchaí roimh dháta aibíochta an idirbhirt is faide sa tacar glanluachála;

(19) ciallaíonn 'risíocht ionchasach' (dá ngairtear 'EE' anseo feasta) an meán de dháileadh na risíochtaí ar dháta faoi leith sa todhchaí sula n-aibeoidh an t-idirbheart is faide sa tacar glanluachála;

(20) ciallaíonn 'risíocht ionchasach iarbhír ar dháta sonrach' (dá ngairtear 'EE iarbhír' anseo feasta) an risíocht ionchasach uasta a bhíonn ann an dáta sin nó aon dáta roimhe sin. A mhalairt sin, féadfar é a shainiú do dháta sonrach mar an gceann is mó idir risíocht ionchasach ar an dáta sin nó an risíocht ionchasach iarbhír ar dháta ar bith roimhe sin;

(21) ciallaíonn 'risíocht dheimhneach ionchasach' (dá ngairtear 'EPE' anseo feasta) meán ualaithe le himeacht ama de risíochtaí ionchasacha, sa chás gurb iad na hualuithe an cion den tréimhse ama iomlán a bhfuil an risíocht ionchasach aonair in ionannas léi;

Agus an ceanglas cistí dílse á ríomh, úsáidfidh institiúidí an meán thar an gcéad bhliain nó, má aibíonn gach ceann de na conarthaí laistigh den tacar glanluachála faoi cheann bliana amháin, thar an tréimhse ama go dtí go n-aibeoidh an conradh leis an aibíocht is faide sa tacar glanluachála.

▼B

(22) ciallaíonn 'risíocht dheimhneach ionchasach iarbhír' (dá ngairtear 'EPE iarbhír' anseo feasta), meán ualaithe den risíocht ionchasach iarbhír thar an gcéad bhliain de thacar glanluachála nó, máaibíonn gach ceann de na conarthaí laistigh den tacar glanluachála faoi cheann bliana amháin, thar thréimhse ama an chonartha leis an aibíocht is faide sa tacar glanluachála, sa chás gurb iad na hualuithe an cion den tréimhse ama iomlán a bhfuil an risíocht ionchasach aonair in ionannas leis;

Priacail a bhaineann le CCR

(23) ciallaíonn 'priacal tar-rollta' an méid faoina ndéantar an EPE a ghanniontráil nuair atáthar ag súil leis go ndéanfar idirbhearta sa todhchaí le contrapháirtí ar bhonn leanúnach;

Níl an risíocht bhreise arna giniúint ag na hidirbhearta sin sa todhchaí ar áireamh agus EPE á ríomh;

(24) ciallaíonn 'contrapháirtí' chun críocha Roinn 7 duine nádúrtha nó duine dlítheanach ar bith a dhéanann comhaontú glanluachála, agus a bhfuil an cumas conarthach aige nó aici é sin a dhéanamh;

(25) ciallaíonn 'comhaontú glanluachála trastáirge conarthach' comhaontú conarthach déthaobhach i scríbhinn idir institiúid agus contrapháirtí faoina gcruthaítear oibleagáid dhlíthiúil amháin (bunaithe ar ghlanluacháil na n-idirbheart atá clúdaithe) a chumhdaíonn gach máistir-chomhaontú déthaobhach agus gach idirbheart déthaobhach a bhaineann le catagóirí éagsúla táirgí atá ar áireamh laistigh den chomhaontú;

Chun críocha an tsainmhínithe seo, ciallaíonn 'catagóirí éagsúla táirgí':

(a) idirbhearta athcheannaigh, idirbhearta iasachtaithe agus iasachtaíochta i leith urrús agus tráchtearraí;

(b) idirbhearta iasachta corrlaigh;

(c) na conarthaí a liostaítear in Iarscríbhinn II;

(26) ciallaíonn 'cuid d'íocaíocht' an íocaíocht a chomhaontaítear in idirbheart díorthach thar an gcuntar le próifíl líneach priacal ina sonraítear go ndéanfar ionstraim airgeadais a mhalartú le haghaidh íocaíochta.

I gcás na n-idirbheart ina sonraítear go ndéanfar íocaíocht a mhalartú in aghaidh íocaíochta, beidh an dá chuid d'íocaíocht sin comhdhéanta de na híocaíochtaí comhlána comhaontaithe, lena n-áirítear méid barúlach an idirbhirt.

## Roinn 2

## Modhanna chun luach na risíochta a ríomh

### *Airteagal 273*

### Modhanna chun luach na risíochta a ríomh

▼M8

1. Cinnfidh institiúidí luach risíochta na gconarthaí a liostaítear in Iarscríbhinn II ar bhonn ceann de na modhanna a leagtar amach i Roinn 3 go Roinn 6 i gcomhréir leis an Airteagal seo.

▼M8

Ní úsáidfidh institiúid nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 273a (1) an modh a leagtar amach i Roinn 4. Ní úsáidfidh institiúid nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 273a (2) an modh a leagtar amach i Roinn 5.

Féadfaidh institiúidí na modhanna a leagtar amach i Ranna 3 go 6 a úsáid i dteaglaim ar bhonn buan laistigh de ghrúpa. Ní dhéanfaidh institiúid aonair, ar bhonn buan, na modhanna a leagtar amach i Roinn 3 go Roinn 6 a úsáid i dteaglaim.

▼B

2. Féadfaidh institiúid luach na risíochta a chinneadh maidir leis na hítimí seo a leanas ag baint úsáide as Modh na Samhla Inmheánaí a leagtar amach i Roinn 6 sa chás ina gceadaíonn na húdaráis inniúla é sin a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 283(1) agus (2):

(a) na conarthaí a liostaítear in Iarscríbhinn II;

(b) idirbhearta athcheannaigh;

(c) idirbhearta maidir le hurrúis nó tráchtearraí a iasachtú nó a fháil ar iasacht;

(d) idirbhearta iasachta corrlaigh;

(e) idirbhearta socraíochta iarchurtha.

3. Má cheannaíonn institiúid cosaint trí dhíorthach creidmheasa i gcoinne risíochta ar leabhar neamhthrádála nó i gcoinne risíochta ar priacal an chontrapháirtí, féadfaidh sí a ceanglas cistí dílse féin don risíochtfhálaithe a ríomh i gcomhréir le ceachtar díobh seo a leanas:

(a) Airteagail 233 go 236;

(b) i gcomhréir le hAirteagal 153(3), nó Airteagal 183, sa chás gur tugadh cead i gcomhréir le hAirteagal 143.

Nialas a bheidh i luach na risíochta le haghaidh CCR i gcás na ndíorthach creidmheasa sin, ach amháin má chuireann institiúidí cur chuige (ii) i bpointe (h) d'Airteagal 299(2) i bhfeidhm.

4. D'ainneoin mhír 3, féadfaidh institiúid rogha a dhéanamh gach díorthach creidmheasa nach bhfuil san áireamh sa leabhar trádála, agus a ceannaíodh mar chosaint i gcoinne risíochta ar leabhar neamh-thrádála nó i gcoinne risíochta ar priacal creidmheasa an chontrapháirtí, a chur san áireamh go comhsheasmhach ar mhaithe le ceanglais cistí dílse do priacal creidmheasa an chontrapháirtí a ríomh, i gcás ina n-aithnítear an chosaint chreidmheasa faoin Rialachán seo.

5. I gcás ina láimhseálann institiúid babhtálacha mainneachtana creidmheasa arna ndíol ag institiúid mar chosaint chreidmheasa arna sholáthar ag an institiúid sin agus go bhfuil siad faoi réir ag ceanglas cistí dílse le haghaidh priacal creidmheasa den ionstraim fholuiteach don mhéid barúlach iomlán, beidh luach na risíochta cothrom le nialas chun críocha CCR sa leabhar neamhthrádála.

▼M8

6. Faoi gach modh a leagtar amach i Ranna 3 go 6, beidh luach na risíochta le haghaidh contrapháirtí áirithe cothrom le suim na luachanna risíochta arna ríomh do gach tacar glanluachála leis an gcontrapháirtí sin.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, i gcás ina mbeidh feidhm ag comhaontú corrlaigh amháin maidir le tacair ghlanluachála iomadúla leis an gcontrapháirtí sin agus i gcás ina mbeidh ceann de na modhanna a leagtar amach i Roinn 3 go Roinn 6 á úsáid ag an institiúid chun luach risíochta na dtacar glanluachála sin a ríomh, déanfar luach na risíochta a ríomh i gcomhréir leis an Roinn ábhartha.

▼M8

Le haghaidh contrapháirtí faoi leith, beidh luach na risíochta le haghaidh tacar glanluachála áirithe d'ionstraimí díorthacha thar an gcuntar a liostáitear in Iarscríbhinn II arna ríomh i gcomhréir leis an gCaibidil seo cothrom leis an gceann is mó idir nialas agus an difríocht idir suim na luachanna risíochta thar gach tacar glanluachála leis an gcontrapháirtí agus suim na gcoigeartuithe luachála creidmheasa don chontrapháirtí sin arna aithint ag an institiúid mar dhíluacháil thabhaithe. Déanfar na coigeartuithe luachála creidmheasa a ríomh gan aon choigeartuithe luachála dochair fhritháirimh a chur san áireamh a thugtar do phriacal creidmheasa na gnólachta airgeadais féin atá eisiata cheana ó chistí dílse i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 33(1).

7. Agus luach na risíochta á ríomh acu i gcomhréir leis na modhanna a leagtar amach i Ranna 3, 4 agus 5, féadfaidh institiúidí dhá chonradh dhíorthacha thar an gcuntar ar lánmheaitseálacha iad agus a áirítear sa chomhaontú glanluachála céanna a láimhseáil mar chonradh singil ag a bhfuil príomhshuim bharúlach atá cothrom le nialas.

Chun críocha na chéad fhomhíre, measfar gur lánmheaitseálacha dhá chonradh dhíorthacha thar an gcuntar i gcás ina gcomhlíonfaidh siad na coinníollacha seo a leanas:

(a) go bhfuil a suíomhanna priacail urchomhaireach i leith a chéile;

(b) gur comhionann na gnéithe atá acu cé is moite den dáta trádála;

(c) go bhfritháiríonn a sreabha airgid a chéile.

8. Déanfaidh institiúidí luach risíochta na risíochtaí a thagann as idirbhearta socraíochta iarchurtha a chinneadh trí aon cheann de na modhanna a leagtar amach i Roinn 3 go Roinn 6, beag beann ar an modh atá roghnaithe ag an institiúid chun díorthaigh thar an gcuntar agus idirbhearta athcheannaigh, idirbhearta iasachtaithe nó iasachtaíochta i leith urrús nó tráchtearraí agus idirbhearta iasachta corrlaigh a láimhseáil. Agus ceanglais cistí dílse á ríomh le haghaidh idirbhearta socraíochta iarchurtha, féadfaidh institiúid a úsáideann an cur chuige a leagtar amach i gCaibidil 3 ualuithe priacail a shannadh faoin gcur chuige a leagtar amach i gCaibidil 2 ar bhonn buan agus beag beann ar ábharthacht na suíomhanna sin.

9. I dtaca leis na modhanna a leagtar amach i Roinn 3 go Roinn 6 den Chaibidil seo, láimhseálfaidh institiúidí idirbhearta ina ndearnadh Sainphriacal Comhghaolmhaireachta a aithint i gcomhréir le hAirteagal 291(2), (4), (5), agus (6).

*Airteagal 273a*

**Coinníollacha maidir le modhanna simplithe a úsáid chun luach na risíochta a ríomh**

1. Féadfaidh institiúid luach risíochta a cuid suíomhanna díorthach a ríomh i gcomhréir leis an modh a leagtar amach i Roinn 4 ar choinníoll gur lú gnó díorthach na hinstitiúide laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe ná an dá thairseach seo a leanas, nó go bhfuil siad cothrom leo, ar bhonn measúnú a dhéantar go míosúil agus na sonraí ón lá deireanach den mhí amach á n-úsáid:

(a) 10 % de shócmhainní iomlána na hinstitiúide;

(b) EUR 300 milliún.

▼M8

2. Féadfaidh institiúid luach risíochta suíomhanna díorthach a ríomh i gcomhréir leis an modh a leagtar amach i Roinn 5 ar choinníoll gur lú gnó díorthach na hinstitiúide laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe ná an dá thairseach seo a leanas, nó go bhfuil siad cothrom leo, ar bhonn measúnú a dhéantar go míosúil agus na sonraí ón lá deireanach den mhí amach á n-úsáid;

(a) 5 % de shócmhainní iomlána na hinstitiúide;

(b) EUR 100 milliún.

3. Chun críocha mhír 1 agus mhír 2, déanfaidh institiúidí méid a ngnó díorthach laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe a ríomh bunaithe ar shonraí ón lá deireanach de gach mí amach i gcomhréir leis na ceanglais seo a leanas:

(a) déanfar gach suíomh díorthach a luacháil ag a margadhluachanna ar an dáta áirithe sin; i gcás nach bhfuil margadhluach suímh ar fáil ar dháta áirithe, déanfaidh institiúidí luach cóir don suíomh ar an dáta sin a ghlacadh; i gcás nach mbeidh an margadhluach an an luach cóir ar shuíomh ar fáil ar dháta áirithe, tógfaidh institiúidí an margadhluach nó an luach cóir is déanaí don suíomh sin;

(b) déanfar suimiú ar luach absalóideach suíomhanna fada díorthach agus ar luach absalóideach suíomhanna gearra díorthach;

(c) cuirfear na suíomhanna díorthach go léir san áireamh, seachas díorthaigh chreidmheasa a aithneofar mar fháluithe inmheánacha ar risíochtaí leabhair neamhthrádála ar phriacal creidmheasa.

4. De mhaolú ar mhír 1 nó ar mhír 2, de réir mar is infheidhme, i gcás nach sáraíonn an gnó díorthach ar bhonn comhdhlúite na tairseacha a leagtar amach i mír 1 nó 2, de réir mar is infheidhme, féadfaidh institiúid a áirítear sa chomhdhlúthú agus ar a mbeidh an modh a leagtar amach i Roinn 3 nó 4 a chur i bhfeidhm, de réir mar is infheidhme, ós rud é go sáraíonn an institiúid na tairseacha sin ar bhonn aonair, a roghnú ina ionad sin, faoi réir formheas ó na húdaráis inniúla, an modh a chur i bhfeidhm ag a mbeadh feidhm ar bhonn comhdhlúite.

5. Tabharfaidh institiúidí fógra do na húdaráis inniúla i leith na modhanna a leagtar amach i Roinn 4 nó i Roinn 5 as a mbaineann siad úsáid, nó a scoireann siad de bheith á n-úsáid, de réir mar is infheidhme, chun luach risíochta a suíomhanna díorthach a ríomh.

6. Ní bheidh institiúidí páirteach in idirbheart díorthach ná ní dhéanfaidh siad ionstraim dhíorthach a cheannach ná a dhíol, mura bhfuil de chuspóir acu ach aon cheann de na coinníollacha a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 a chomhlíonadh i rith an mheasúnaithe mhíosúil.

*Airteagal 273b*

**Neamh-chomhlíonadh na gcoinníollacha maidir le modhanna simplithe a úsáid chun luach risíochta díorthach a ríomh**

1. Institiúid nach gcomhlíonann a thuilleadh ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 273a(1) nó (2), tabharfaidh an institiúid sin fógra ina leith don údarás inniúil gan mhoill.

2. Scoirfidh institiúid de luachanna risíochta a suíomhanna díorthach a ríomh i gcomhréir le Roinn 4 nó Roinn 5, de réir mar is infheidhme, laistigh de thrí mhí ón uair a tharlóidh ceann amháin de na cásanna seo a leanas:

▼M8

(a) ní chomhlíonann an institiúid na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 273a(1) nó (2), de réir mar is infheidhme, nó na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (b) d'Airteagal 273a(1) nó (2), de réir mar is infheidhme, ar feadh trí mhí as a chéile;

(b) ní chomhlíonann an institiúid na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 273a(1) nó (2), de réir mar is infheidhme, nó na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (b) d'Airteagal 273a(1) nó (2), de réir mar is infheidhme, ar feadh breis agus 6 mhí den 12 mhí roimhe sin.

3. I gcás inar scoir institiúid de luachanna risíochta a suíomhanna díorthach a ríomh i gcomhréir le Roinn 4 nó 5, de réir mar is infheidhme, ní cheadófar di luachanna risíochta a suíomhanna díorthacha a ríomh arís mar a leagtar amach i Roinn 4 nó i Roinn 5 ach amháin i gcás ina léiríonn sí don údarás inniúil gur comhlíonadh na coinníollacha go léir a leagtar amach in Airteagal 273a(1) nó (2) ar feadh tréimhse bliana gan bhriseadh.

## Roinn 3

## Cur chuige caighdeánaithe le haghaidh priacal creidmheasa contrapháirtí

### *Airteagal 274*

### Luach risíochta

1. Féadfaidh institiúid luach risíochta aonair a ríomh ar leibhéal an tacair glanluachála le haghaidh na n-idirbheart uile a chumhdaítear le comhaontú glanluachála conarthach i gcás ina gcomhlíontar an méid seo a leanas:

(a) is le ceann de na cineálacha comhaontuithe glanluachála conarthacha dá dtagraítear in Airteagal 295 a bhaineann an comhaontú glanluachála;

(b) tá an comhaontú glanluachála aitheanta ag na húdaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 296;

(c) tá na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 297 comhlíonta ag an institiúid i ndáil leis an gcomhaontú glanluachála.

I gcás nach gcomhlíontar aon cheann de na coinníollacha a leagtar amach sa chéad fhomhír, déanfaidh an institiúid gach idirbheart a láimhseáil amhail agus dá mba é a thacar glanluachála féin é.

2. Déanfaidh institiúidí luach risíochta tacair ghlanluachála a ríomh faoin gcur chuige caighdeánaithe maidir le priacal creidmheasa contrapháirtí mar leanas:

$$\text{Luach risíochta} = \alpha \cdot (RC + PFE)$$

nuair:

RC = an costas athsholáthair arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 275; agus

PFE = an risíocht fhéideartha thodhchaíoch arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 278;

$\alpha$ = 1,4.

3. Maidir leis an luach risíochta tacair glanluachála atá faoi réir comhaontú corrlaigh conarthach beidh uasteorainn leis is ionann agus luach risíochta an tacair glanluachála chéanna nach bhfuil faoi réir aon chomhaontaithe corrlaigh.

▼M8

4. I gcás ina bhfuil feidhm ag comhaontuithe corrlaigh iolracha maidir leis an tacar glanluachála céanna, déanfaidh institiúidí gach comhaontú corrlaigh a leithdháileadh ar ghrúpa idirbheart sa tacar glanluachála a bhfuil feidhm chonarthach ag an gcomhaontú corrlaigh maidir leis agus déanfaidh siad luach risíochta a ríomh ar leithligh le haghaidh gach ceann de na hidirbhearta grúpáilte sin.

5. Féadfaidh institiúidí luach risíochta tacair glanluachála a shocrú ag nialas i gcás ina gcomhlíonann an tacar sin na coinníollacha seo a leanas:

(a) gur céadroghanna díolta amháin atá sa tacar glanluachála;

(b) go mbíonn margadhluach reatha an tacair glanluachála diúltach i gcónaí;

(c) go bhfuair an institiúid roimh ré préimh na gcéadroghanna uile a áirítear sa tacar glanluachála chun comhlíonadh na gconarthaí a ráthú;

(d) nach bhfuil an tacar glanluachála faoi réir aon chomhaontaithe corrlaigh.

6. Maidir le tacar glanluachála, is é a chuirfidh institiúid in ionad idirbheart ar comhcheangal líneach finideach é de chéadroghanna ar cheannach nó ar dhíol atá ceannaithe nó díolta na céadroghanna aonair uile atá sa chomhcheangal líneach sin, arna dtógáil mar idirbheart aonair, chun críocha luach risíochta an tacair glanluachála a ríomh i gcomhréir leis an roinn seo. Déanfar gach comhcheangal de roghanna a láimhseáil mar idirbheart aonair sa tacar glanluachála ina gcuirtear an comhcheangal san áireamh chun críche an luach risíochta a ríomh.

7. Luach risíochta idirbhirt díorthach creidmheasa a ionadaíonn suíomh fada sa risíocht fholuiteach, féadfar é a theorannú do mhéid méid na préimhe atá fós gan íoc ar choinníoll go ndéileáiltear leis amhail mar a thacar glanluachála féin nach bhfuil faoi réir comhaontú corrlaigh.

*Airteagal 275*

**Costas athsholáthair**

1. Déanfaidh institiúidí costas athsholáthair RC“”na dtacar glanluachála nach bhfuil faoi réir comhaontú corrlaigh a ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

▼C7

$$RC = \max\{CMV - NICA, 0\}$$

▼M8

2. Déanfaidh institiúidí costas athsholáthair na dtacar glanluachála aonair atáoi réir comhaontú corrlaigh a ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

▼C7

$$RC = \max\{CMV - VM - NICA, TH + MTA - NICA, 0\}$$

▼M8

nuair:

RC = an costas athsholáthair

VM = luach an ghlanchorrlaigh athrúcháin arna choigeartú i bhfianaise na luaineachta, a fuarthas nó a breacadh, de réir mar is infheidhme, chuig an tacar glanluachála ar bhonn rialta chun athruithe ar CMV an tacair glanluachála a mhaolú;

TH = an tairseach corrlaigh is infheidhme maidir leis an tacar glanluachála faoin gcomhaontú corrlaigh, ar tairseach í faoina mbeadh cosc ar an institiúid glao a dhéanamh ar chomhthaobhacht; agus

▼M8

MTA = íosmhéid an aistrithe is infheidhme maidir leis an tacar glanluachála faoin gcomhaontú corrlaigh.

3. Déanfaidh institiúidí an costas athsholáthair le haghaidh tacair ghlanluachála iolracha atá faoi réir an chomhaontaithe corrlaigh chéanna a ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

▼C7

$$RC = \max\{\sum_i \max\{CMV_i, 0\} - \max\{VM_{MA} + NICA_{MA}, 0\}, 0\} + \max\{\sum_i \min\{CMV_i, 0\} - \min\{VM_{MA} + NICA_{MA}, 0\}, 0\}$$

▼M8

nuair:

RC = costas athsholáthair

i = an t-innéacs lena gcuirtear in iúl na tacair ghlanluachála atá faoi réir an corrlaigh aonair;

$CMV_i$ = CMV thacar glanluachála “i”;

$VM_{MA}$ = suim luach na comhthaobhachta arna choigeartú i bhfianaise na luaineachta, a fuarthas nó a breacadh, de réir mar is infheidhme, chuig tacair ghlanluachála iolracha ar bhonn rialta chun athruithe ar a CMV a mhaolú; agus

$NICA_{MA}$ = suim luach na comhthaobhachta arna choigeartú i bhfianaise na luaineachta, a fuarthas nó a breacadh, de réir mar is infheidhme, chuig tacair ghlanluachála iolracha cé is moite de $VM_{MA}$.

Chun críocha na chéad fhomhíre, féadfar $NICA_{MA}$ a ríomh ar an leibhéal trádála, ar leibhéal an tacair glanluachála nó ar leibhéal na dtacar glanluachála uile a bhfuil feidhm ag an gcomhaontú corrlaigh maidir leo ag brath ar an leibhéal a bhfuil feidhm ag an gcomhaontú corrlaigh maidir leis.

*Airteagal 276*

**Comhthaobhacht a aithint agus a láimhseáil**

1. Chun críocha na Roinne seo, déanfaidh institiúidí méideanna comhthaobhachta VM, $VM_{MA}$, NICA agus $NICA_{MA}$, a ríomh trí na ceanglais uile seo a leanas a chur i bhfeidhm:

(a) i gcás ina mbaineann na hidirbhearta uile a áirítear i dtacar glanluachála leis an leabhar trádála, ní aithneofar ach amháin comhthaobhacht atá incháilithe faoi Airteagail 197 agus 299;

(b) i gcás ina bhfuil idirbheart amháin ar a laghad a bhaineann le leabhar neamhthrádála i dtacar glanluachála, ní aithneofar ach amháin comhthaobhacht atá incháilithe faoi Airteagal 197;

(c) is trí chomhartha deimhneach a aithneofar comhthaobhacht a fhaightear ó chontrapháirtí agus is trí chomhartha diúltach a aithneofar comhthaobhacht a bhreactar i leith contrapháirtí;

(d) déanfar luach aon chineáil comhthaobhachta arna choigeartú i bhfianaise na luaineachta, a fuarthas nó a breacadh, a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 223; chun críocha an ríomha sin, ní úsáidfidh institiúidí an modh a leagtar amach in Airteagal 225;

(e) ní áireofar an ítim chomhthaobhachta chéanna i VM agus i NICA araon ag an am céanna;

(f) ní áireofar an ítim chomhthaobhachta chéanna i VMMA agus i NICAMA araon ag an am céanna;

▼**M8**

(g) ní aithneofar aon chomhthaobhacht a bhreactar i leith an chontrapháirtí atá leithscartha ó shócmhainní an chontrapháirtí sin, agus, mar gheall ar an leithscaradh sin, nach bhfuil baint aici le féimheacht i gcás mhainneachtain nó dhócmhainneacht an chontrapháirtí sin, ní aithneofar í agus NICA agus $NICA_{MA}$ á ríomh.

2. Maidir le luach comhthaobhachta breactha arna choigeartú i bhfianaise na luaineachta dá dtagraítear i bpointe (d) de mhír 1 den Airteagal seo a ríomh, cuirfidh institiúidí an fhoirmle seo a leanas in ionad na foirmle a leagtar amach in Airteagal 223(2):

$$C_{VA} = C \cdot (1 + H_C + H_{fx})$$

nuair:

$C_{VA}$ = luach comhthaobhachta breactha arna choigeartú i bhfianaise na luaineachta; agus

▼**C7**

C = an chomhthaobhacht;

$H_c$ agus $H_{fx}$ á sainmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 223(2).

▼**M8**

3. Chun críche phointe (d) de mhír 1, socróidh institiúidí an tréimhse leachtaithe is ábhartha do ríomh an luacha comhthaobhachta arna choigeartú i bhfianaise na luaineachta, a fuarthas nó a breacadh, i gcomhréir le ceann amháin de na tréimhsí ionchasacha seo a leanas:

(a) bliain amháin i gcás na dtacar glanluachála dá dtagraítear in Airteagal 275(1)r;

(b) an tréimhse corrlaigh faoi phriacal arna cinneadh i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 279c(1) i gcás na dtacar glanluachála dá dtagraítear in Airteagal 275(2) agus (3).

*Airteagal 277*

**Idirbhearta a mhapáil ar chatagóirí priacail**

1. Mapálfaidh institiúidí gach idirbheart de chuid tacar glanluachála ar cheann amháin de na catagóirí priacail seo a leanas chun an risíocht fhéideartha thodhchaíoch a chinneadh don tacar glanluachála dá dtagraítear in Airteagal 278:

(a) priacal ráta úis;

(b) priacal malairte eachtraí;

(c) priacal creidmheasa;

(d) priacal cothromais;

(e) priacal tráchtearraí;

(f) priacal eile.

2. Déanfaidh institiúidí an mhapáil dá dtagraítear i mír 1 ar bhonn phríomhspreagaí priacail an idirbhirt díorthach. Ní bheidh de spreagaí priacail ábhartha ag idirbheart díorthach ach an príomhspreagaí priacail.

▼M8

3. De mhaolú ar mhír 2, mapálfaidh institiúidí idirbhearta díorthach ag a bhfuil níos mó ná aon spreagaí priacail ábhartha amháin ar níos mó ná aon chatagóir phriacail amháin. I gcás ina mbaineann spreagaí priacail ábhartha uile aon idirbhirt amháin díobh sin leis an gcatagóir chéanna phriacail, ní cheanglófar ar institiúidí an t-idirbheart sin a mhapáil ar an gcatagóir phriacail sin ach an t-aon uair amháin ar bhonn an an spreagaithe priacail is ábhartha de na spreagaithe priacail sin. I gcás ina mbaineann spreagaithe priacail ábhartha aon idirbhirt amháin díobh sin le catagóirí priacail éagsúla, déanfaidh institiúidí an t-idirbheart sin a mhapáil aon uair amháin ar gach catagóir phriacail díobh sin a bhfuil aon spreagaí priacail ábhartha amháin ar a laghad acu, ar bhonn an spreagaí priacail is ábhartha de na spreagaithe priacail sa chatagóir phriacail sin.

4. In ainneoin mhíreanna 1, 2 agus 3, nuair a bheidh idirbhearta á mapáil acu ar na catagóirí priacail a liostaítear i mír 1, cuirfidh institiúidí na ceanglais seo a leanas i bhfeidhm:

(a) más athróg boilsciúcháin atá i bpríomhspreagaí priacail idirbhirt, nó an spreagaí priacail is ábhartha de na spreagaithe priacail i gcatagóir áirithe idirbheart dá dtagraítear i mír 3, mapálfaidh institiúidí an t-idirbheart sin ar an gcatagóir priacail ráta úis;

(b) más athróg dálaí aeráide atá i bpríomhspreagaí priacail idirbhirt, nó an spreagaí priacail is ábhartha de na spreagaithe priacail i gcatagóir áirithe idirbheart dá dtagraítear i mír 3, mapálfaidh institiúidí an t-idirbheart sin ar an gcatagóir priacail tráchtearraí.

5. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na nithe seo a leanas a shonrú:

(a) an modh chun na hidirbhearta sin nach bhfuil ach aon spreagaí priacail ábhartha amháin acu a shainaithint;

(b) an modh chun idirbhearta a aithint ag a bhfuil níos mó ná spreagaí priacail ábhartha amháin agus chun an spreagaí is ábhartha de na spreagaithe priacail sin a aithint chun críocha mhír 3.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Nollaig 2019.

Tarmligtear chuig an gCoimisiún an chumhacht chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 277a*

**Tacair falúcháin**

1. Bunóidh institiúidí na tacair fálúcháin is ábhartha do gach catagóir phriacail a ghabhann le tacar glanluachála agus sannfaidh siad gach idirbheart do na tacair fálúcháin sin mar leanas:

(a) ní shannfar don tacar fálúcháin céanna idirbhearta arna mapáil ar an gcatagóir priacail ráta úis ach amháin i gcás ina mbeidh a bpríomhspreagaí priacail, nó an spreagaí priacail is ábhartha de na spreagaithe priacail i gcatagóir áirithe idirbheart dá dtagraítear in Airteagal 277(3), ainmnithe san airgeadra céanna;

▼**M8**

(b) ní shannfar don tacar fálúcháin céanna idirbhearta arna mapáil ar an gcatagóir priacail malairte eachtraí ach amháin i gcás ina mbeidh a bpríomhspreagaí priacail, nó an spreagaí priacail is ábhartha de na spreagaithe priacail i gcatagóir áirithe idirbheart dá dtagraítear in Airteagal 277(3), bunaithe ar an bpéire airgeadra céanna;

(c) sannfar don tacar fálúcháin céanna gach idirbheart arna mhapáil ar an gcatagóir priacail creidmheasa;

(d) sannfar don tacar fálúcháin céanna gach idirbheart arna mhapáil ar an gcatagóir priacail cothromais;

(e) sannfar do cheann amháin de na tacair fálúcháin seo a leanas idirbhearta arna mapáil ar an gcatagóir priacail tráchtearraí ar bhonn nádúr a bpríomhspreagaí priacail nó an spreagaí priacail is ábhartha de na spreagaithe priacail i gcatagóir áirithe idirbheart dá dtagraítear in Airteagal 277(3):

(i) fuinneamh;

(ii) miotail;

(iii) earraí talmhaíochta;

(iv) tráchtearraí eile;

(v) dálaí aeráide;

(f) ní shannfar don tacar fálúcháin céanna idirbhearta arna mapáil ar an gcatagóir phriacail eile ach amháin i gcás inarb ionann príomhspreagaí priacail, nó an spreagaí priacail is ábhartha de na spreagaithe priacail i gcatagóir áirithe idirbheart dá dtagraítear in Airteagal 277(3), dóibh.

Chun críocha phointe (a) den chéad fhomhír den mhír seo, sannfar do thacair fálúcháin ar leithligh idirbhearta arna mapáil ar an gcatagóir priacail ráta úis ar athróg boilsciúcháin é an príomhspreagaí priacail atá acu, cé is moite de na tacair fálúcháin sin a bunaíodh le haghaidh idirbhearta arna mapáil ar an gcatagóir priacail ráta úis nach é athróg boilsciúcháin an príomhspreagaí priacail atá acu. Ní shannfar na hidirbhearta sin don tacar fálúcháin céanna ach amháin i gcás ina mbeidh a bpríomhspreagaí priacail, nó an spreagaí priacail is ábhartha de na spreagaithe priacail i gcatagóir áirithe idirbheart dá dtagraítear in Airteagal 277(3), ainmnithe san airgeadra céanna.

2. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, bunóidh institiúidí tacair fálúcháin aonair ar leithligh i ngach catagóir phriacail le haghaidh na n-idirbheart seo a leanas:

(a) idirbhearta arb é an príomhspreagaí priacail, nó an spreagaí priacail is ábhartha de na spreagaithe priacail i gcatagóir áirithe idirbheart dá dtagraítear in Airteagal 277(3), atá acu luaineacht spreagaí priacail, cé acu luaineacht intuigthe an mhargaidh í sin nó luaineacht réadaithe, nó an comhchoibhneas idir dhá spreagaí priacail;

(b) idirbhearta arb é an príomhspreagaí priacail, nó an spreagaí priacail is ábhartha de na spreagaithe priacail i gcatagóir áirithe idirbheart dá dtagraítear in Airteagal 277(3), atá acu an difríocht idir dhá spreagaí priacail arna mapáil ar an gcatagóir chéanna phriacail nó idirbhearta arb é atá iontu dhá chuid d'íocaíocht ainmnithe san airgeadra céanna agus a bhfuil spreagaí priacail ó chatagóir chéanna phriacail an phríomhspreagaí priacail le fáil sa chuid d'íocaíocht eile nach í an chuid d'íocaíocht a bhfuil an príomhspreagaí priacail inti í.

▼M8

Chun críocha phointe (a) den chéad fhomhír den mhír seo, ní shannfaidh institiúidí idirbhearta don tacar fálúcháin céanna de chuid na catagóire priacail lena mbainfidh ach amháin i gcás inarb ionann príomhspreagaí priacail, nó an spreagaí priacail is ábhartha de na spreagaithe priacail i gcatagóir áirithe idirbheart dá dtagraítear in Airteagal 277(3), dóibh.

Chun críocha phointe (b) den chéad fhomhír, ní shannfaidh institiúidí idirbhearta don tacar fálúcháin céanna de chuid na catagóire priacail lena mbainfidh ach amháin i gcás inarb ionann an péire spreagaithe priacail sna hidirbhearta sin dá dtagraítear ann agus go mbeidh an dá spreagaí priacail sa phéire sin curtha i gcomhchoibhneas deimhneach. Seachas sin, sannfaidh institiúidí idirbhearta dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír do cheann amháin de na tacair fálúcháin sin arna mbunú i gcomhréir le mír 1, ar bhonn ceann den dá spreagaí priacail dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír.

3. Ar iarraidh ó údarás inniúil, cuirfidh institiúidí ar fáil líon na dtacar fálúcháin arna mbunú i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo do gach catagóir phriacail, mar aon leis an bpríomhspreagaí priacail, nó an spreagaí priacail is ábhartha de na spreagaithe priacail i gcatagóir áirithe idirbheart dá dtagraítear in Airteagal 277(3), nó an péire spreagaithe priacail do gach ceann de na tacair fálúcháin sin, mar aon le líon na n-idirbheart i ngach ceann de na tacair fálúcháin sin.

*Airteagal 278*

**Risíocht fhéideartha thodhchaíoch**

1. Ríomhfaidh institiúidí an risíocht fhéideartha thodhchaíoch “”a bhaineann le tacar glanluachála mar leanas:

$$PFE = multiplier \cdot \sum_{a} AddOn^{(a)}$$

nuair:

PFE = risíocht fhéideartha thodhchaíoch

a = an t-innéacs lena gcuirtear in iúl na catagóirí priacail a áireofar i ríomh risíocht fhéideartha thodhchaíoch an tacair glanluachála;

$AddOn^{(a)}$ = an forlíontán do chatagóir phriacail“” arna ríomh i gcomhréir le hAirteagail 280a go 280f, de réir mar is infheidhme; agus

multiplier = fachtóir iolrúcháin arna ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle dá dtagraítear i mír 3.

Chun críche an ríomha sin, áireoidh institiúidí forlíontán catagóire priacail áirithe i ríomh risíocht fhéideartha thodhchaíoch an tacair glanluachála i gcás inar mapáladh idirbheart amháin ar a laghad de chuid an tacair glanluachála ar an gcatagóir phriacail sin.

2. Déanfar risíocht fhéideartha thodhchaíoch de chuid tacair ghlanluachála iolracha atá faoi réir comhaontú corrlaigh amháin, dá dtagraítear in Airteagal 275(3), a ríomh mar shuim risíochtaí féideartha todhchaíocha na dtacar glanluachála aonair uile amhail agus nach raibh siad faoi réir comhaontú corrlaigh d'aon sórt.

▼**M8**

3. Chun críche mhír 1, ríomhfar an t-iolraitheoir mar leanas:

$$\text{multiplier} = \begin{cases} 1 \text{ if } z \geq 0 \\ \min\{1,\ \text{Floor}_m + (1 - \text{Floor}_m) \cdot \exp\left(\frac{z}{y}\right)\} \text{ if } z < 0 \end{cases}$$

nuair:

$\text{Floor}_m = 5\ \%$;

$y = 2 \cdot (1 - \text{Floor}_m) \cdot \Sigma_a \text{AddOn}^{(a)}$

$$z = \begin{cases} \text{CMV-NICA i gcás na dtacar fálaithe dá dtagraítear in Airteagal 275(1)} \\ \text{CMV-VM- NICA i gcás na dtacar fálaithe dá dtagraítear in Airteagal 275(2)} \\ \text{CMV}_i\text{-NICA}_i \text{ i gcás na dtacar fálaithe dá dtagraítear in Airteagal 275(3)} \end{cases}$$

$\text{NICA}_i$ = glanmhéid na comhthaobhachta neamhspleáiche arna ríomh d'idirbhearta a áirítear i dtacar glanluachála "i" agus do na hidirbhearta sin amháin. Déanfar $\text{NICA}_i$ a ríomh ar an leibhéal trádála nó ar leibhéal an tacair glanluachála ag brath ar an gcomhaontú corrlaigh.

*Airteagal 279*

**Suíomhanna priacail a ríomh**

Chun críocha na forlíontáin catagóire priacail dá dtagraítear in Airteagal 280a go hAirteagal 280f a ríomh, déanfaidh institiúidí suíomh priacail gach idirbhirt de chuid tacar glanluachála a ríomh mar leanas:

$\text{RiskPosition} = \delta \cdot \text{AdjNot} \cdot \text{MF}$

nuair:

δ = deilte mhaoirseachta an idirbhirt a ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle a leagtar síos in Airteagal 279a;

AdjNot = méid barúlach coigeartaithe an idirbhirt arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 279b; agus

MF = fachtóir aibíochta an idirbhirt a ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle a leagtar síos in Airteagal 279c.

*Airteagal 279a*

**Deilte mhaoirseachta**

1. Ríomhfaidh institiúidí an deilte mhaoirseachta mar leanas:

(a) maidir le céadroghanna ar dhíol nó ar cheannach lena dtugtar cead do cheannaitheoir na céadrogha bunionstraim a cheannach nó a dhíol ar phraghas deimhneach ar aon dáta amháin nó ar an iliomad dátaí san am atá amach romhainn, cé is moite de chásanna inar mapáladh na céadroghanna sin ar an gcatagóir priacail ráta úis, úsáidfidh institiúidí an fhoirmle seo a leanas:

$$\delta = \text{sign} \cdot N\left(\text{type} \cdot \frac{\ln(P/K) + 0{,}5 \cdot \sigma^2 \cdot T}{\sigma \cdot \sqrt{T}}\right)$$

nuair:

δ = an deilte mhaoirseachta

sign = -1 i gcás idirbheart ar céadrogha ar dhíol atá díolta nó céadrogha ar cheannach atá ceannaithe é;

▼M8

sign = +1 i gcás idirbheart ar céadrogha ar dhíol atá ceannaithe nó céadrogha ar cheannach atá díolta é;

type = -1 i gcás idirbheart ar céadrogha ar cheannach é;

type = +1 i gcás idirbheart ar céadrogha ar dhíol é;

N(x) = an fheidhm dáileacháin charnaigh d'athróg randamach normálta chaighdeánach, i.e. an dóchúlacht go bhfuil athróg randamach normálta le meán de nialas agus athraitheas d'aon níos lú ná, nó cothrom le, "x";

P = spotphraghas nó réamhphraghas bhunionstraim na céadrogha; i gcás roghanna a bhfuil a sreafaí airgid ag brath ar mheánluach phraghas na bunionstraime, beidh P cothrom leis an meánluach ar an dáta ríofa;

K = praghas ceangail na céadrogha;

▼C7

T = an tréimhse idir dáta éaga $T_{exp}$ na céadrogha agus an dáta tuairiscithe; i gcás céadroghanna nach féidir a fheidhmiú ach amháin ar dháta amháin sa todhchaí, is é an dáta sin a bheidh mar $T_{exp}$; i gcás céadroghanna is féidir a fheidhmiú ar dhátaí éagsúla sa todhchaí, is é an dáta is déanaí de na dátaí sin a bheidh mar $T_{exp}$; sloinnfear T i mblianta ag úsáid an choinbhinsiúin ábhartha maidir le laethanta oibre; agus

▼M8

σ = luaineacht mhaoirseachta na céadrogha arna cinneadh i gcomhréir le Tábla 1 ar bhonn chatagóir phriacail an idirbhirt agus nádúr bhunionstraim na céadrogha.

*Tábla 1*

| Catagóir phriacail | Bunionstraim | Luaineacht mhaoirseachta |
|---|---|---|
| Malairt Eachtrach | Uile | 15 % |
| Creidmheas | Ionstraim aonainm | 100 % |
| | Ionstraim il-ainmneacha | 80 % |
| Cothromas | Ionstraim aonainm | 120 % |
| | Ionstraim il-ainmneacha | 75 % |
| Tráchtearra | Leictreachas | 150 % |
| | Tráchtearraí eile (seachas leictreachas) | 70 % |
| Eile | Uile | 150 % |

Institiúidí a bheidh ag úsáid réamhphraghas bhunionstraim na céadrogha, áiritheoidh siad na nithe seo a leanas:

(i) go bhfuil an réamhphraghas comhsheasmhach le tréithe na céadrogha;

(ii) go ríomhtar an réamhphraghas ag úsáid pé ráta úis ábhartha atá i réim ar an dáta tuairiscithe;

(iii) go gcomhtháthaítear sa réamhphraghas sreabha airgid ionchasacha na bunionstraime roimh dháta éaga na céadrogha;

▼**M8**

(b) maidir le tráinsí d'urrúsú sintéiseach agus díorthach creidmheasa don nú mainneachtain, úsáidfidh institiúidí an fhoirmle seo a leanas:

$$\delta = \text{sign} \cdot \frac{15}{(1 + 14 \cdot A) \cdot (1 + 14 \cdot D)}$$

nuair:

$$\text{sign} = \begin{cases} +1 \text{ where credit protection has been obtained through the transaction} \\ -1 \text{ where credit protection has been provided through the transaction} \end{cases}$$

A = pointe astaithe an tráinse; i gcás idirbheart díorthach creidmheasa don $n^{ú}$ mainneachtain bunaithe ar eintitis tagartha k, A = (n-1)/k; agus

D = pointe dí-astaithe an tráinse; i gcás idirbheart díorthach creidmheasa don $n^{ú}$ mainneachtain bunaithe ar eintitis tagartha k, D = n/k;

(c) maidir le hidirbhearta nach dtagraítear dóibh i bpointe (a) ná (b), úsáidfidh institiúidí an deilte mhaoirseachta seo a leanas:

$$\delta = \begin{cases} +1 \text{ má tá an t-idirbheart i suíomh fada i bpríomhspreagaí priacail nó sa spreagaí priacail is ábhartha sa chatagóir áirithe idirbheart} \\ -1 \text{ má tá an t-idirbheart i suíomh gearr i bpríomhspreagaí priacail nó sa spreagaí priacail is ábhartha sa chatagóir áirithe idirbheart} \end{cases}$$

2. Chun críocha na Roinne seo, ciallaíonn suíomh fada i bpríomhspreagaí priacail nó sa spreagaí priacail is ábhartha de na spreagaithe priacail i gcatagóir áirithe idirbheart dá dtagraítear in Airteagal 277(3) go dtagann méadú ar mhargadhluach an idirbhirt nuair a thagann méadú ar luach an spreagaí priacail sin agus ciallaíonn suíomh gearr i bpríomhspreagaí priacail nó sa spreagaí priacail is ábhartha de na spreagaithe priacail i gcatagóir áirithe idirbheart dá dtagraítear in Airteagal 277(3) go dtagann laghdú ar mhargadhluach an idirbhirt nuair a thagann méadú ar luach an spreagaí priacail sin.

3. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na nithe seo a leanas a shonrú:

(a) i gcomhréir leis na forbairtí rialála idirnáisiúnta, an fhoirmle a úsáidfidh institiúidí chun ríomh a dhéanamh ar dheilte mhaoirseachta na gcéadroghanna ar cheannach agus ar dhíol arna mapáil ar an gcatagóir priacail ráta úis atá comhoiriúnach le dálaí margaidh faoina bhféadfadh rátaí úis a bheith diúltach agus faoina bhféadfadh luaineacht mhaoirseacht atá oiriúnach don fhoirmle sin a bheith diúltach freisin;

(b) an modh chun a chinneadh cé acu suíomh fada nó gearr é idirbheart sa phríomhspreagaí priacail nó sa spreagaí priacail is ábhartha de na spreagaithe priacail i gcatagóir áirithe idirbheart dá dtagraítear in Airteagal 277(3).

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Nollaig 2019.

▼M8

Tarmligtear chuig an gCoimisiún an chumhacht chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 279b*

**Méid barúlach coigeartaithe**

1. Ríomhfaidh institiúidí an méid barúlach coigeartaithe mar leanas:

(a) maidir le hidirbhearta arna mapáil ar an gcatagóir priacail ráta úis nó an catagóir priacail creidmheasa, ríomhfaidh institiúidí an méid barúlach coigeartaithe mar thoradh mhéid barúlach an chonartha dhíorthaigh agus fhachtóir na marthanachta maoirseachta, a ríomhfar mar leanas:

▼C8

$$\text{fachtóir na marthanachta maoirseachta} = \max\left\{\frac{\exp(-R\bullet S) - \exp(-R\bullet E)}{R};\ 10/\text{OneBusinessYear}\right\}$$

▼C7

nuair:

R = an ráta lascaine maoirseachta; R = 5 %;

S = an tréimhse idir dáta tosaigh idirbhirt agus an dáta tuairiscithe, arna sloinneadh i mblianta ag úsáid an choinbhinsiúin ábhartha maidir le laethanta oibre; agus

E = an tréimhse idir dáta deiridh idirbhirt agus an dáta tuairiscithe, arna sloinneadh i mblianta ag úsáid an choinbhinsiúin ábhartha maidir le laethanta oibre..

▼M8

Is é dáta tosaigh idirbhirt an dáta is luaithe ar a ndéantar ar a laghad íocaíocht chonarthach faoin idirbheart, leis an institiúid nó as an institiúid, a shocrú nó a mhalartú, seachas na híocaíochtaí a bhaineann le malartú comhthaobhacha i gcomhaontú corrlaigh. I gcás ina raibh íocaíochtaí á socrú nó á ndéanamh faoin idirbheart ar an dáta tuairiscithe cheana féin, beidh dáta tosaigh an idirbhirt cothrom le 0.

I gcás ina bhfuil aon dáta conarthach nó níos mó dátaí conarthacha sa todhchaí i gceist leis an idirbheart, ar a bhféadfaidh an institiúid nó an contrapháirtí a chinneadh an t-idirbheart a fhoirceannadh roimh dháta a aibíochta conarthaí, beidh dáta tosaigh an idirbhirt cothrom leis an gceann is luaithe díobh seo a leanas:

(i) an dáta nó an ceann is luaithe de dhátaí éagsúla sa todhchaí ar a bhféadfaidh an institiúid nó an contrapháirtí a chinneadh idirbheart a fhoirceannadh níos luaithe ná dáta a aibíochta conarthaí;

(ii) an dáta ar a dtosaítear ar íocaíochtaí a shocrú nó a dhéanamh le hidirbheart, seachas íocaíochtaí a bhaineann le malartú comhthaobhachta i gcomhaontú corrlaigh.

I gcás ina bhfuil ionstraim airgeadais ag idirbheart mar an bhunionstraim a d'fhéadfadh bheith ina cúis le hoibleagáidí conarthacha sa bhreis ar oibleagáidí conarthacha sin an idirbhirt, cinnfear dáta tosaigh idirbhirt ar bhonn an dáta is luaithe ar a dtosaítear ar íocaíochtaí a shocrú nó a dhéanamh leis an mbunionstraim.

▼**M8**

Is é dáta deiridh idirbhirt an dáta is déanaí ar a ndéantar íocaíocht chonarthach faoin idirbheart sin, leis an institiúid nó as an institiúid, nó an dáta is déanaí ar a bhféadtar an íocaíocht sin a dhéanamh.

I gcás ina bhfuil ionstraim airgeadais ag idirbheart mar bhunionstraim a d'fhéadfadh bheith ina cúis le hoibleagáidí conarthacha sa bhreis ar oibleagáidí conarthacha sin an idirbhirt, cinnfear dáta deiridh an idirbhirt ar bhonn na híocaíochta conarthaí deireanaí a dhéanfar i leith bhunionstraim an idirbhirt.

I gcás idirbheart atá struchtúraithe chun risíocht gan íoc a shocrú tar éis dátaí íocaíochta sonraithe agus i gcás inar athshocraíodh na téarmaí sa chaoi gur nialas é margadhluach an idirbhirt ar na dátaí sonraithe sin, measfar gur íocaíocht chonarthach faoin idirbheart céanna é socrú na risíochta gan íoc ar na dátaí sonraithe sin;

(b) maidir le hidirbhearta arna mapáil ar an gcatagóir priacail malairte eachtraí, ríomhfaidh institiúidí an méid barúlach coigeartaithe mar leanas:

(i) nuair is aon chuid d'íocaíocht amháin a bheidh i gceist leis an idirbheart, is éard a bheidh sa mhéid barúlach coigeartaithe méid barúlach an chonartha dhíorthaigh;

(ii) nuair is dhá chuid d'íocaíocht a bheidh i gceist leis an idirbheart agus méid barúlach cuid d'íocaíocht amháin díobh sin ainmnithe in airgeadra tuairiscithe na hinstitiúide, is éard a bheidh sa mhéid barúlach coigeartaithe méid barúlach na coda d'íocaíocht eile;

(iii) nuair is dhá chuid d'íocaíocht a bheidh i gceist leis an idirbheart agus méid barúlach an dá chuid d'íocaíocht ainmnithe in airgeadra eile seachas airgeadra tuairiscithe na hinstitiúide, is éard a bheidh sa mhéid barúlach coigeartaithe an ceann is mó de mhéideanna barúlacha an dá chuid d'íocaíocht tar éis na méideanna sin a thiontú go hairgeadra tuairiscithe na hinstitiúide de réir an spotráta malairte atá i réim;

(c) maidir le hidirbhearta arna mapáil ar an gcatagóir priacail cothromais nó ar an gcatagóir priacail tráchtearraí, ríomhfaidh institiúidí an méid barúlach coigeartaithe trí phraghas margaidh aon aonad amháin de bhunionstraim an idirbhirt a iolrú faoi líon na n-aonad sa bhunionstraim atá faoi thagairt ag an idirbheart;

i gcás ina ndéantar idirbheart arna mhapáil ar an gcatagóir priacail cothromais nó ar an gcatagóir priacail tráchtearraí a shloinneadh, de réir conartha, mar mhéid barúlach, úsáidfidh institiúidí méid barúlach an idirbhirt seachas líon na n-aonad sa bhunionstraim, mar an méid barúlach coigeartaithe;

(d) i gcás idirbhearta arna mapáil ar an gcatagóir priacal eile, ríomhfaidh institiúidí an méid barúlach coigeartaithe ar bhonn an mhodha is iomchuí i measc na modhanna a leagtar amach i bpointí (a), (b) agus (c), ag brath ar chineál agus ar shaintréithe bhunionstraim an idirbhirt.

2. Cinnfidh institiúidí méid barúlach nó líon aonad na bunionstraime chun críche méid barúlach coigeartaithe idirbhirt dá dtagraítear i mír 1 a ríomh mar leanas:

(a) i gcás nach socraítear méid barúlach nó líon aonad bhunionstraim an idirbhirt go dtí a aibíocht chonarthach:

▼M8

(i) maidir le méideanna barúlacha cinnteachaíocha agus líon aonad cinnteachaíoch na bunionstraime, beidh an méid barúlach cothrom le meán ualaithe luachanna cinnteachaíocha mhéideanna barúlacha cinnteachaíocha agus líon aonad cinnteachaíoch na bunionstraime, de réir mar is infheidhme, go dtí aibíocht chonarthach an idirbhirt, nuair is ionann na hualuithe agus an cion den tréimhse ama a bhfuil feidhm ag gach luach méid bharúlaigh lena linn;

(ii) maidir le méideanna barúlacha stocastach agus líon aonad stocastach na bunionstraime, beidh an méid barúlach cothrom leis an méid a chinntear trí mhargadhluachanna reatha a shocrú laistigh den fhoirmle lena ríomhtar margadhluachanna na todhchaí;

(b) maidir le conarthaí le malartuithe iolracha an mhéid bharúlaigh, déanfar an méid barúlach a iolrú faoi líon na n-íocaíochtaí atá fágtha a bheidh fós le déanamh i gcomhréir leis na conarthaí;

(c) i gcás conarthaí ina ndéantar foráil maidir le hiolrú íocaíochtaí na sreabh airgid nó maidir le hiolrú bhunionstraim an chonartha dhíorthaigh, coigeartóidh institiúid an méid barúlach chun iarmhairtí an iolrúcháin ar struchtúr priacail na gconarthaí sin a chur san áireamh.

3. Tiontóidh institiúidí méid barúlach coigeartaithe idirbhirt go dtí a n-airgeadra tuairiscithe de réir an spotráta malairte atá i réim i gcás ina ríomhtar an méid barúlach coigeartaithe faoin Airteagal seo ar bhonn méid barúlach conarthach nó praghas margaidh líon aonad na bunionstraime ainmnithe in airgeadra eile.

*Airteagal 279c*

**Fachtóir Aibíochta**

1. Ríomhfaidh institiúidí an fachtóir aibíochta “”mar leanas:

(a) maidir le hidirbhearta a áirítear i dtacair ghlanluachála dá dtagraítear in Airteagal 275(1), úsáidfidh institiúidí an fhoirmle seo a leanas:

$$MF = \sqrt{\min\{\max\{M,\ 10/OneBusinessYear\},\ 1\}}$$

nuair:

MF = an fachtóir aibíochta

M = aibíocht iarmhair an idirbhirt atá cothrom leis an tréimhse is gá chun oibleagáidí conarthacha uile an idirbhirt a fhoirceannadh; chun na críche sin, measfar gur oibleagáid chonarthach í aon roghnaíocht a ghabhann le conradh díorthach; sloinnfear an aibíocht iarmhair i mblianta ag úsáid an choinbhinsiúin ábhartha maidir le laethanta oibre;

i gcás ina bhfuil conradh díorthach eile ag idirbheart mar bhunionstraim a d'fhéadfadh bheith ina cúis le hoibleagáidí conarthacha sa bhreis ar oibleagáidí conarthacha an idirbhirt, beidh aibíocht iarmhair an idirbhirt cothrom leis an tréimhse is gá chun oibleagáidí conarthacha uile na bunionstraime a fhoirceannadh;

▼**M8**

| | | |
|---|---|---|
| | | i gcás idirbheart atá struchtúraithe chun risíocht gan íoc a shocrú tar éis dátaí íocaíochta sonraithe agus i gcás inar athshocraíodh na téarmaí sa chaoi gur nialas é margadhluach an idirbhirt ar na dátaí sonraithe sin, beidh aibíocht iarmhair an idirbhirt cothrom leis an tréimhse go dtí an chéad dáta athshocraithe eile; agus |
| OneBusinessYear | = | bliain amháin arna sloinneadh i laethanta oibre ag úsáid an choinbhinsiúin ábhartha maidir le laethanta oibre; |

(b) maidir le hidirbhearta a áirítear sna tacair ghlanluachála dá dtagraítear in Airteagal 275(2) agus (3), sainmhínítear an fachtóir aibíochta mar a leanas:

$$MF = \frac{3}{2}\sqrt{\frac{MPOR}{OneBusinessYear}}$$

nuair:

| | | |
|---|---|---|
| MF | = | an fachtóir aibíochta; |
| MPOR | = | an tréimhse corrlaigh faoi phriacal a ghabhann le tacar glanluachála arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 285(2) go (5); agus |
| OneBusinessYear | = | bliain amháin arna sloinneadh i laethanta gnó agus leas á bhaint as an gcoinbhinsiún ábhartha maidir le lá gnó |

Agus an tréimhse corrlaigh faoi phriacail d'idirbhearta idir cliant agus comhalta imréitigh á cinneadh aici, cuirfidh an institiúid ag gníomhú di mar an cliant nó mar an comhalta imréitigh, cuirfidh sí cúig lá oibre in ionad na híostréimhse a leagtar amach i bpointe (b) d'Airteagal 285(2).

2. Chun críche mhír 1, beidh an aibíocht iarmhair cothrom leis an tréimhse go dtí an chéad dáta athshocraithe eile i gcás idirbhearta a bhfuil struchtúr acu chun risíocht gan íoc a shocrú tar éis dátaí íocaíochta sonraithe agus i gcás ina n-athshocraítear na téarmaí le go mbeidh margadhluach nialasach ag an gconradh ar na dátaí sonraithe sin.

*Airteagal 280*

**Comhéifeacht fachtóra maoirseachta tacair fálúcháin**

Chun críche an forlíontán tacair fálúcháin dá dtagraítear in Airteagal 280a go hAirteagal 280f a ríomh, is éard a bheidh i gcomhéifeacht fachtóra maoirseachta tacair fálúcháin "ϵ":

$$\epsilon = \begin{cases} 1 \text{ i gcás na dtacar fálaithe arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 277a(1)} \\ 5 \text{ i gcás na dtacar fálaithe arna mbunú i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 277a(2)} \\ 0{,}5 \text{ i gcás na dtacar fálaithe arna mbunú i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 277a(2))} \end{cases}$$

▼M8

*Airteagal 280a*

**Forlíontán na catagóire priacail ráta úis**

1. Chun críocha Airteagal 278, ríomhfaidh institiúidí forlíontán na catagóire priacail ráta úis le haghaidh tacar glanluachála áirithe mar leanas:

$$AddOn^{IR} = \sum_{j} AddOn_j^{IR}$$

nuair:

►C7 $AddOn^{IR}$ ◄ = forlíontán na catagóire priacail ráta úis;

j = an t-innéacs lena gcuirtear in iúl na tacair fálúcháin priacail ráta úis uile arna socrú i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 277a(1) agus le hAirteagal 277a(2) le haghaidh an tacair glanluachála; agus

$AddOn_j^{IR}$ = forlíontán thacar fálúcháin “j” de chuid na catagóire priacail ráta úis arna ríomh i gcomhréir le mír 2.

2. Ríomhfaidh institiúidí an forlíontán do thacar fálúcháin “j” den chatagóir priacail ráta úis mar a leanas:

$$AddOn_j^{IR} = \epsilon_j \cdot SF^{IR} \cdot EffNot_j^{IR}$$

nuair:

$\epsilon_j$ = comhéifeacht fachtóra maoirseachta tacair fálúcháin thacar fálúcháin “j” arna cinneadh i gcomhréir leis na luachanna is infheidhme a shonraítear in Airteagal 280;

$SF^{IR}$ = fachtóir maoirseachta na catagóire priacail ráta úis ag a bhfuil luach atá cothrom le 0,5 %; agus

$EffNot_j^{IR}$ = méid barúlach iarbhír thacar fálúcháin “j” arna ríomh i gcomhréir le mír 3.

3. Chun críche méid barúlach iarbhír thacar fálúcháin “j”, a ríomh, déanfaidh institiúidí gach idirbheart den tacar fálúcháin a mhapáil ar an mbuicéad iomchuí i dTábla 2. Déanfaidh siad amhlaidh ar bhonn dháta deiridh gach idirbhirt arna chinneadh faoi phointe (a) d'Airteagal 279b(1):

*Tábla 2*

| Buicéad | Dáta deiridh (blianta) |
|---|---|
| 1 | >0 agus <=1 |
| 2 | >1 agus <= 5 |
| 3 | > 5 |

Déanfaidh institiúidí méid barúlach iarbhír thacar fálúcháin “j” a ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

▼M8
▼C7

$$EffNot_j^{IR} = \sqrt{\left[(D_{j,1})^2 + (D_{j,2})^2 + (D_{j,3})^2 + 1,4 \cdot D_{j,1} \cdot D_{j,2} + 1,4 \cdot D_{j,2} \cdot D_{j,3} + 0,6 \cdot D_{j,1} \cdot D_{j,3}\right]}$$

▼M8

nuair:

$EffNot_j^{IR}$ = méid barúlach iarbhír thacar fálúcháin "j"; agus

$D_{j,k}$ = méid barúlach iarbhír bhuicéad "k" de chuid thacar fálúcháin "j" arna ríomh mar leanas:

$$D_{j,k} = \sum_{l \in \text{Bucket } k} RiskPosition_l$$

nuair:

l = an t-innéacs lena gcuirtear an suíomh priacail in iúl.

*Airteagal 280b*

**Forlíontán na catagóire priacail malairte eachtraí**

1. Chun críocha Airteagal 278, ríomhfaidh institiúidí forlíontán na catagóire priacail malairte eachtraí le haghaidh tacar glanluachála áirithe mar leanas:

$$AddOn^{FX} = \sum_j AddOn_j^{FX}$$

nuair:

►C7 $AddOn^{FX}$ ◄ = forlíontán na catagóire priacail malairte eachtraí;

j = an t-innéacs lena gcuirtear in iúl na tacair fálúcháin priacail malairte eachtraí arna socrú i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 277a(1) agus le hAirteagal 277a(2) le haghaidh an tacair glanluachála; agus

$AddOn_j^{FX}$ = forlíontán thacar fálúcháin "j" de chuid na catagóire priacail malairte eachtraí arna ríomh i gcomhréir le mír 2.

2. Ríomhfaidh institiúidí an forlíontán do thacar fálúcháin "j" den chatagóir priacail malairte eachtraí mar leanas:

$$AddOn_j^{FX} = \epsilon_j \cdot SF^{FX} \cdot |EffNot_j^{FX}|$$

nuair:

$\epsilon_j$ = comhéifeacht fachtóra maoirseachta tacair fálúcháin thacar fálúcháin "j" arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 280;

$SF^{FX}$ = fachtóir maoirseachta na catagóire priacail malairte eachtraí ag a bhfuil luach atá cothrom le 4 %;

$EffNot_j^{FX}$ = méid barúlach iarbhír thacar fálúcháin "j" arna ríomh mar leanas:

$$EffNot_j^{FX} = \sum_{l \in \text{Hedging set } j} RiskPosition_l$$

nuair:

l = an t-innéacs lena gcuirtear an suíomh priacail in iúl.

▼M8

*Airteagal 280c*

**Forlíontán na catagóire priacail creidmheasa**

1. Chun críocha mhír 2, bunóidh institiúidí eintitis tagartha chreidmheasa ábhartha an tacair glanluachála i gcomhréir leis na nithe seo a leanas:

(a) Beidh aon eintiteas tagartha creidmheasa ann do gach eisitheoir ionstraime fiachais tagartha a fholuíonn idirbheart aonainm arna leithdháileadh ar an gcatagóir priacail creidmheasa; sannfar idirbhearta aonainm don eintiteas tagartha creidmheasa céanna i gcás ina n-eisíonn an t-eisitheoir céanna bunionstraim fiachais tagartha na n-idirbheart sin, agus sa chás sin amháin;

(b) Beidh aon eintiteas tagartha creidmheasa ann do gach grúpa d'ionstraimí fiachais tagartha nó díorthaigh chreidmheasa aonainm a fholuíonn idirbheart il-ainmneacha arna leithdháileadh ar an gcatagóir priacail creidmheasa; sannfar idirbhearta il-ainmneacha don eintiteas tagartha creidmheasa céanna i gcás ina bhfuil na comhpháirteanna céanna i ngach grúpa de bhunionstraimí fiachais tagartha nó i ndíorthaigh chreidmheasa aonainm na n-idirbheart sin, agus sa chás sin amháin.

2. Chun críocha Airteagal 278, ríomhfaidh institiúidí forlíontán na catagóire *priacail* creidmheasa le haghaidh tacar glanluachála áirithe mar leanas:

$$AddOn^{Credit} = \sum_j AddOn_j^{Credit}$$

nuair:

$AddOn^{Credit}$ = forlíontán na catagóire priacail creidmheasa;

j = an t-innéacs lena gcuirtear in iúl na tacair fálúcháin priacail creidmheasa uile arna socrú i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 277a(1) agus le hAirteagal 277a(2) le haghaidh an tacair glanluachála. agus

$AddOn_j^{Credit}$ = an forlíontán do thacar fálúcháin "j" den chatagóir priacail creidmheasa arna ríomh i gcomhréir le mír 3.

3. Ríomhfaidh institiúidí forlíontán na catagóire priacail creidmheasa le haghaidh thacar fálúcháin "j" mar leanas:

▼C7

$$AddOn_j^{Credit} = \epsilon_j \cdot \sqrt{\left(\sum_k \rho_k^{Credit} \cdot AddOn(Entity_k)\right)^2 + \sum_k \left(1 - \left(\rho_k^{Credit}\right)^2\right) \cdot \left(AddOn(Entity_k)\right)^2}$$

▼M8

nuair:

$AddOn_j^{Credit}$ = forlíontán na catagóire priacail creidmheasa le haghaidh thacar fálúcháin "j"

$\epsilon_j$ = comhéifeacht fachtóra maoirseachta tacair fálúcháin thacar fálúcháin "j" arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 280;

k = an t-innéacs lena gcuirtear in iúl eintitis tagartha chreidmheasa an tacair glanluachála arna mbunú i gcomhréir le mír 1;

$\rho_k^{Credit}$ = fachtóir comhghaolúcháin eintiteas tagartha creidmheasa "k"; i gcás inar bunaíodh eintiteas tagartha creidmheasa k i gcomhréir le pointe (a) de mhír 1,$\rho_k^{Credit} = 50\%$, i gcás inar bunaíodh eintiteas tagartha creidmheasa k i gcomhréir le pointe (b) de mhír 1,$\rho_k^{Credit} = 80\%$; agus

▼**M8**

$AddOn(Entity_k)$ = an forlíontán don eintiteas tagartha creidmheasa “k” arna chinneadh i gcomhréir le mír 4.

4. Ríomhfaidh institiúidí forlíontán eintiteas tagartha creidmheasa “k” mar leanas:

$$AddOn(Entity_k) = EffNot_k^{Credit}$$

nuair:

$EffNot_k^{Credit}$ = méid barúlach iarbhír eintiteas tagartha creidmheasa k arna ríomh mar a leanas:

$$EffNot_k^{Credit} = \sum_{l \in \text{Credit reference entity } k} SF_{k,l}^{Credit} \cdot RiskPosition_l$$

nuair:

l = an t-innéacs lena gcuirtear an suíomh priacail in iúl; agus

$SF_{k,l}^{Credit}$ = an fachtóir maoirseachta is infheidhme maidir le heintiteas tagartha creidmheasa k arna ríomh i gcomhréir le mír 5.

5. Ríomhfaidh institiúidí forlíontán eintiteas tagartha creidmheasa k mar a leanas:

(a) maidir le heintiteas tagartha creidmheasa “k” arna bhunú i gcomhréir le pointe (a) de mhír 1, déanfar$SF_{k,l}^{Credita}$ mhapáil ar cheann amháin de na sé fhachtóir maoirseachta a leagtar amach i dTábla 3 den mhír seo ar bhonn mheasúnú creidmheasa seachtrach arna dhéanamh ag IMCS ainmnithe de chuid an eisitheora aonair chomhfhreagraigh; maidir le heisitheoir aonair nach bhfuil measúnú creidmheasa a rinne IMCS ainmnithe ar fáil ina leith:

(i) institiúid a úsáideann an cur chuige dá dtagraítear i gCaibidil 3, déanfaidh sí rátáil inmheánach an eisitheora aonair a mhapáil ar cheann de na measúnuithe creidmheasa seachtracha;

(ii) institiúid a úsáideann an cur chuige dá dtagraítear i gCaibidil 2, déanfaidh sí $SF_{k,l}^{Credit} = 0{,}54\%$ a shannadh don eintiteas tagartha creidmheasa sin; i gcás ina gcuireann institiúid Airteagal 128 i bhfeidhm, áfach, chun risíochtaí priacail creidmheasa contraphháirtithe ar an eisitheoir aonair sin a ualú ó thaobh priacal, déanfar $SF_{k,l}^{Credit} = 1{,}6\%$ a shannadh don eintiteas tagartha creidmheasa sin;

(b) maidir le heintiteas tagartha creidmheasa k arna mbunú i gcomhréir le pointe (b) de mhír 1:

(i) i gcás inar innéacs creidmheasa, a liostaítear ar mhalartán aitheanta, é an suíomh priacaill arna shannadh d'eintiteas tagartha creidmheasa k, déanfar $SF_{k,l}^{Credita}$ mhapáil ar cheann den dá fhachtóir maoirseachta a leagtar amach i dTábla 4 den mhír seo ar bhonn cháilíocht chreidmheasa fhormhór a chomhpháirteanna aonair;

(ii) i gcás nach dtagraítear i bpointe (i) den phointe seo do shuíomh priacail l arna shannadh d'eintiteas tagartha creidmheasa “k”, is éard a bheidh in $SF_{k,l}^{Creditmeán}$ ualaithe na bhfachtóirí maoirseachta arna mapáil ar gach comhpháirt i gcomhréir leis an modh a leagtar amach i bpointe (a), nuair a shainmhínítear na hualuithe de réir chion mhéid barúlach na gcomhpháirteanna sa suíomh sin.

▼M8

*Tábla 3*

| Céim cáilíochta creidmheasa | Fachtóir maoirseachta d'idirbhearta aonainm |
|---|---|
| 1 | 0,38 % |
| 2 | 0,42 % |
| 3 | 0,54 % |
| 4 | 1,06 % |
| 5 | 1,6 % |
| 6 | 6,0 % |

*Tábla 4*

| Cáilíocht chreidmheasa cheannasach | Fachtóir maoirseachta d'innéacsanna luaite |
|---|---|
| Grád infheistíochta | 0,38 % |
| Grád neamhinfheistíochta | 1,06 % |

*Airteagal 280d*

**Forlíontán na catagóire priacail cothromais**

1. Chun críocha mhír 2, bunóidh na hinstitiúidí eintitis tagartha chothromais ábhartha an tacair glanluachála i gcomhréir leis na nithe seo a leanas:

(a) beidh aon eintiteas tagartha cothromais ann do gach eisitheoir ionstraime tagartha cothromais a fholuíonn idirbheart aonainm arna leithdháileadh ar an gcatagóir priacail cothromais; sannfar idirbhearta aonainm don eintiteas tagartha cothromais céanna i gcás ina n-eisíonn an t-eisitheoir céanna bunionstraim tagartha chothromais na n-idirbheart sin, agus sa chás sin amháin;

(b) beidh aon eintiteas tagartha cothromais ann do gach grúpa d'ionstraimí tagartha cothromais nó díorthaigh chothromais aonainm a fholuíonn idirbheart il-ainmneacha arna leithdháileadh ar an gcatagóir priacail cothromais; sannfar idirbhearta il-ainmneacha don eintiteas tagartha cothromais céanna i gcás ina bhfuil na comhpháirteanna céanna i ngach grúpa de bhunionstraimí tagartha cothromais nó i ndíorthaigh chothromais aonainm na n-idirbheart sin, de réir mar is infheidhme, agus sa chás sin amháin.

2. Chun críocha Airteagal 278, ríomhfaidh institiúidí forlíontán na catagóire priacail cothromais le haghaidh tacar glanluachála áirithe mar leanas:

$$AddOn^{Equity} = \sum_{j} AddOn_{j}^{Equity}$$

nuair:

$AddOn^{Equity}$ = forlíontán na catagóire priacail cothromais;

j = an t-innéacs lena gcuirtear in iúl na tacair fálúcháin priacail cothromais uile arna socrú i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 277a(1) agus le hAirteagal 277a(2) le haghaidh an tacair glanluachála; agus

$AddOn_{j}^{Equity}$ = an forlíontán do thacar fálúcháin "j" den chatagóir priacail cothromais arna ríomh i gcomhréir le mír 3.

▼M8

3. Ríomhfaidh institiúidí forlíontán na catagóire priacail cothromais le haghaidh thacar fálúcháin "j" mar leanas:

▼C7

$$AddOn_j^{Equity} = \epsilon_j \sqrt{\left(\sum_k \rho_k^{Equity} \cdot AddOn(Entity_k)\right)^2 + \sum_k \left(1 - \left(\rho_k^{Equity}\right)^2\right) \cdot \left(AddOn(Entity_k)\right)^2}$$

▼M8

nuair:

$AddOn_j^{Equity}$ = an forlíontán do thacar fálúcháin "j" den chatagóir priacail cothromais;

$\epsilon_j$ = comhéifeachtfachtóramaoirseachtatacairfálúcháintha-car fálúcháin "j" arna cinneadh i gcomhréir le hAir-teagal280;

k = an t-innéacs lena gcuirtear in iúl eintitis tagartha cho-thromais an tacair glanluachála arna mbunú i gcomhréir le mír 1;

$\rho_k^{Equity}$ = fachtóir comhghaolúcháin eintiteas tagartha cothromais k; i gcás inar bunaíodh eintiteas tagartha cothromais k i gcomhréir le mír 1(a), $\rho_k^{Equity} = 50\%$; i gcás inar bunaíodh eintiteas tagartha cothromais k i gcomhréir le pointe (b) de mhír $\rho_k^{Equity} = 80\%$; agus

$AddOn(Entity_k)$ = an forlíontán don eintiteas tagartha creidmheasa "k" arna chinneadh i gcomhréir le mír 4.

4. Ríomhfaidh institiúidí forlíontán eintitis tagartha cothromais "k" mar leanas:

▼C7

$$AddOn(Entity_k) = SF_k^{Equity} \cdot EffNot_k^{Equity}$$

▼M8

nuair:

$AddOn(Entity_k)$ = an forlíontán eintitis tagartha cothromais k;

$SF_k^{Equity}$ = an fachtóir maoirseachta is infheidhme maidir le heintiteas tagartha cothromais k; i gcás inar bunaíodh eintiteas tagartha cothromais k i gcomhréir le pointe (a) de mhír 1, $SF_k^{Equity} = 32\%$; i gcás inar bunaíodh eintiteas tagartha cothromais "k" i gcomhréir le pointe (b) de mhír 1, $SF_k^{Equity} = 20\%$; agus

$EffNot_k^{Equity}$ = méid barúlach iarbhír eintiteas tagartha cothromais "k" arna ríomh mar leanas:

$$EffNot_k^{Equity} = \sum_{l \in \text{Equity reference entity } k} RiskPosition_l$$

nuair:

l = an t-innéacs lena gcuirtear an suíomh priacail in iúl.

*Airteagal 280e*

**Forlíontán na catagóire priacail tráchtearraí**

1. Chun críocha Airteagal 278, ríomhfaidh institiúidí forlíontán na catagóire priacail tráchtearraí le haghaidh tacar glanluachála áirithe mar leanas:

▼C7

$$AddOn^{Com} = \sum_j AddOn_j^{Com}$$

▼**M8**

nuair:

$AddOn^{Com}$ = forlíontán na catagóire priacail tráchtearraí;

j = an t-innéacs lena gcuirtear in iúl na tacair fálúcháin tráchtearraí arna socrú i gcomhréir le pointe (e) d'Airteagal 277a(1) agus le hAirteagal 277a(2) le haghaidh an tacair glanluachála; agus

$AddOn_j^{Com}$ = an forlíontán do thacar fálúcháin "j" den chatagóir priacail tráchtearraí arna ríomh i gcomhréir le mír 4.

2. Chun críche forlíontán tacair fálúcháin tráchtearraí do thacar glanluachála áirithe a ríomh i gcomhréir le mír 4, bunóidh institiúidí na cineálacha tagartha tráchtearraí do gach tacar fálúcháin. Sannfar idirbhearta díorthach tráchtearraí don chineál tagartha tráchtearraí céanna i gcás inarb ionann nádúr do bhunionstraim tráchtearraí na n-idirbheart sin, agus sa chás sin amháin, beag beann ar shuíomh seachadta na hionstraime tráchtearraí agus ar cháilíocht na hionstraime tráchtearraí sin.

3. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh na húdaráis inniúla a chur de cheangal ar institiúid a bhfuil risíocht mhór aici ar an mbunphriacal a bhaineann le suíomhanna éagsúla inarb ionann nádúr na suíomhanna féin agus dá dtagraítear i mír 2 chun na cineálacha tagartha tráchtearraí do na suíomhanna sin a shuí agus níos mó saintréithe a úsáid seachas nádúr na bunionstraime tráchtearraí amháin. I gcás mar sin, sannfar idirbhearta díorthach tráchtearraí don chineál tagartha tráchtearraí céanna i gcás inarb ionann na saintréithe sin, agus sa chás sin amháin.

4. Ríomhfaidh institiúidí forlíontán na catagóire priacail tráchtearraí le haghaidh thacar fálúcháin j mar leanas:

▼**C7**

$$AddOn_j^{Com} = \epsilon_j \cdot \sqrt{\rho^{Com}\left(\sum_k AddOn\left(Type_k^j\right)\right)^2 + \left(1 - \left(\rho^{Com}\right)^2\right)\sum_k \cdot \left(AddOn\left(Type_k^j\right)\right)^2}$$

▼**M8**

nuair:

$AddOn_j^{Com}$ = forlíontán na catagóire priacail tráchtearraí le haghaidh thacar fálúcháin j;

$\epsilon_j$ = comhéifeacht fachtóra maoirseachta tacair fálúcháin thacar fálúcháin j arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 280;

$\rho^{Com}$ = fachtóir comhghaolúcháin na catagóire priacail tráchtearraí ag a bhfuil luach atá cothrom le 40 %;

k = an t-innéacs lena gcuirtear in iúl cineálacha tagartha tráchtearraí an tacair glanluachála arna mbunú i gcomhréir le mír 2; agus

$AddOn(Type_k^j)$ = forlíontán chineál tagartha tráchtearraí k arna ríomh i gcomhréir le mír 5.

5. Ríomhfaidh institiúidí an forlíontán do chineál tagartha tráchtearraí k mar leanas:

$$AddOn(Type_k^j) = SF_k^{Com} \cdot EffNot_k^{Com}$$

nuair:

$AddOn(Type_k^j)$ = an forlíontán do chineál tagartha tráchtearraí "k";

▼M8

▼C7

$SF_k^{Com}$ = an fachtóir maoirseachta is infheidhme maidir le cineál tagartha tráchtearraík; i gcás ina gcomhfhreagraíonn cineál tagartha tráchtearraí "k" d'idirbhearta arna leithdháileadh ar an tacar fálúcháin dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 277a(1), cé is moite d'idirbhearta a bhaineann le leictreachas,$SF_k^{Com} = 18\,\%$; ; d'idirbhearta a bhaineann le leictreachas,$SF_k^{Com} = 40\,\%$; agus

▼M8

$EffNot_k^{Com}$ = méid barúlach iarbhír chineál tagartha tráchtearraí k arna ríomh mar leanas:

$$EffNot_k^{Com} = \sum_{l \in \text{Commodity reference type k}} RiskPosition_l$$

nuair:

l = an t-innéacs lena gcuirtear an suíomh priacail in iúl.

*Airteagal 280f*

**Forlíontán na catagóire priacail eile**

1. Chun críocha Airteagal 278, ríomhfaidh institiúidí forlíontán na catagóire priacail eile le haghaidh tacar glanluachála áirithe mar leanas:

$$AddOn^{Other} = \sum_j AddOn_j^{Other}$$

nuair:

$AddOn^{Other}$ = forlíontán na catagóire priacail eile;

j = an t-innéacs lena gcuirtear in iúl na tacair fálúcháin priacail eile arna socrú i gcomhréir le pointe (f) d'Airteagal 277a(1) agus le hAirteagal 277a(2) le haghaidh an tacair glanluachála; agus

$AddOn_j^{Other}$ = forlíontán na catagóire priacail eile le haghaidh thacar fálúcháin j arna ríomh i gcomhréir le mír 2.

2. Ríomhfaidh institiúidí forlíontán na catagóire priacail eile le haghaidh thacar fálúcháin "j" mar leanas:

▼C7

$$AddOn_j^{Other} = \epsilon_j \cdot SF^{Other} \cdot \left|EffNot_j^{Other}\right|$$

▼M8

nuair:

$AddOn_j^{Other}$ = forlíontán na catagóire priacail eile le haghaidh thacar fálúcháin j;

$\epsilon_j$ = comhéifeacht fachtóra maoirseachta tacair fálúcháin thacar fálúcháin "j" arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 280; agus

$SF^{Other}$ = fachtóir maoirseachta na catagóire priacail eile ag a bhfuil luach atá cothrom le 8 %;

$EffNot_j^{Other}$ = méid barúlach iarbhír thacar fálúcháin j arna ríomh mar leanas:

$$EffNot_j^{Other} = \sum_{l \,\square \text{Hedging set j}} RiskPosition_l$$

nuair:

l = an t-innéacs lena gcuirtear an suíomh priacail in iúl.

▼M8

Roinn 4

**Cur chuige caighdeánaithe simplithe le haghaidh priacal creidmheasa contrapháirtí**

*Airteagal 281*

**Luach na risíochta a ríomh**

1. Ríomhfaidh institiúidí luach risíochta aonair ar leibhéal an tacair glanluachála i gcomhréir le Roinn 3, faoi réir mhír 2 den Airteagal seo.

2. Ríomhfar luach risíochta tacair glanluachála i gcomhréir leis na ceanglais seo a leanas:

(a) ní chuirfidh institiúidí an láimhseáil dá dtagraítear in Airteagal 274(6) i bhfeidhm;

(b) de mhaolú ar Airteagal 275(1), maidir le tacair ghlanluachála nach dtagraítear dóibh in Airteagal 275(2), ríomhfaidh institiúidí an costas athsholáthair i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$RC = \max\{CMV, 0\}$$

nuair:

RC = an costas athsholáthair; agus

CMV = an margadhluach reatha.

(c) de mhaolú ar Airteagal 275(2) den Rialachán seo, maidir le tacair ghlanluachála na n-idirbheart: a thrádáiltear ar mhalartán aitheanta; a imréitíonn contrapháirtí lárnach ar bhonn lárnach, ar contrapháirtí é a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 nó a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 25 den Rialachán sin; nó a malartaítear comhthaobhacht ina leith ar bhonn déthaobhach leis an gcontrapháirtí i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, maidir leo sin ar fad ríomhfaidh institiúidí an costas athsholáthair i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$RC = TH + MTA$$

nuair atá:

RC = an costas athsholáthair;

TH = an tairseach corrlaigh is infheidhme maidir leis an tacar glanluachála faoin gcomhaontú corrlaigh, ar tairseach í faoina mbeadh cosc ar an institiúid glao a dhéanamh ar chomhthaobhacht; agus

MTA = íosmhéid an aistrithe is infheidhme maidir leis an tacar glanluachála faoin gcomhaontú corrlaigh;

(d) de mhaolú ar Airteagal 275(3), maidir le tacair ghlanluachála iolracha atá faoi réir comhaontú corrlaigh, ríomhfaidh institiúidí an costas athsholáthair mar shuim chostas athsholáthair gach tacair glanluachála aonair, arna ríomh sin i gcomhréir le mír 1 amhail agus nach raibh siad faoi chumhdach corrlaigh;

(e) bunófar gach tacar fálúcháin i gcomhréir le hAirteagal 277a(1);

▼**M8**

(f) socróidh institiúidí ag 1 an t-iolraitheoir san fhoirmle a úsáidtear chun an risíocht fhéideartha thodhchaíoch in Airteagal 278(1) a ríomh, mar leanas:

$$PFE = \sum_{a} AddOn^{(a)}$$

nuair:

*PFE* = an risíocht fhéideartha thodhchaíoch; agus

$AddOn^{(a)}$ = an forlíontán do chatagóir phriacail a;

(g) de mhaolú ar Airteagal 279a(1), maidir le gach idirbheart, ríomhfaidh institiúidí an deilte mhaoirseachta mar leanas:

δ= { +1 nuair is suíomh fada sa phríomhspreagraí priacail é an t idirbheart
-1 nuair is suíomh gearr sa phríomspreagraí priacail é an t idirbheart

nuair:

δ = an deilte mhaoirseachta;

(h) mar seo a leanas a bheidh an fhoirmle dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 279b(1) a úsáidtear chun fachtóir na marthanachta maoirseachta a ríomh:

fachtóir na marthanachta maoirseachta=E-S

nuair:

E = an tréimhse idir dáta deiridh idirbhirt agus an dáta tuairiscithe; agus

S = an tréimhse idir dáta tosaigh idirbhirt agus an dáta tuairiscithe;

(i) déanfar an fachtóir aibíochta dá dtagraítear in Airteagal 279c(1) a ríomh mar leanas:

(i) maidir le hidirbhearta a áirítear sna tacair ghlanluachála dá dtagraítear in Airteagal 275(1), MF = 1;

(ii) maidir le hidirbhearta a áirítear sna tacair ghlanluachála dá dtagraítear in Airteagal 275(2) agus (3), MF=0,42;

(j) mar seo a leanas a bheidh an fhoirmle dá dtagraítear in Airteagal 280a(3) a úsáidtear chun méid barúlach iarbhír thacar fálúcháin “j” a ríomh:

$$EffNot_j^{IR} = |D_{j,1}| + |D_{j,2}| + |D_{j,3}|$$

nuair:

$EffNot_j^{IR}$ = méid barúlach iarbhír thacar fálúcháin “j” agus

$D_{j,k,}$ = méid barúlach iarbhír bhuicéad k de thacar fálúcháin “j”

▼M8

(k) mar seo a leanas a bheidh an fhoirmle dá dtagraítear ina Airteagal 280c(3) a úsáidtear chun forlíontán na catagóire priacail creidmheasa le haghaidh thacar fálúcháin "j" a ríomh:

$$AddOn_j^{Credit} = \sum_k |AddOn(Entity_k)|$$

nuair:

$AddOn_j^{Credit}$ = forlíontán na catagóire priacail creidmheasa le haghaidh thacar fálúcháin "j"; agus

$AddOn(Entity_k)$ = forlíontán an eintitis thagartha creidmheasa k;

(l) mar seo a leanas a bheidh an fhoirmle dá dtagraítear in Airteagal 280d(3) a úsáidtear chun forlíontán na catagóire priacail cothromais le haghaidh thacar fálúcháin "j" a ríomh:

$$AddOn_j^{Equity} = \sum_k |AddOn(Entity_k)|$$

nuair:

$AddOn_j^{Equity}$ = forlíontán na catagóire priacail cothromais le haghaidh thacar fálúcháin "j" agus

$AddOn(Entity_k)$ = forlíontán an eintitis thagartha creidmheasa k;

(m) mar seo a leanas a bheidh an fhoirmle dá dtagraítear in Airteagal 280e(4) a úsáidtear chun forlíontán na catagóire priacail tráchtearraí le haghaidh thacar fálúcháin "j" a ríomh:

$$AddOn_j^{Com} = \sum_k |AddOn(Type_k^j)|$$

nuair:

$AddOn_j^{Com}$ = forlíontán na catagóire priacail tráchtearraí le haghaidh thacar fálúcháin "j" agus

$AddOn(Type_k^j)$ = forlíontán na tagartha tráchtearraí de chineál k.

## Roinn 5

## Modh na risíochta tosaigh

*Airteagal 282*

### Luach na risíochta a ríomh

1. Féadfaidh institiúidí luach risíochta aonair a ríomh le haghaidh na n-idirbheart uile atá mar chuid de chomhaontú glanluachála conarthach i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha uile a leagtar amach in Airteagal 274(1). In aon chás eile, ríomhfaidh institiúidí luach risíochta go leithleach le haghaidh gach idirbhirt, agus láimhseálfar gach idirbheart mar a thacar glanluachála féin.

2. Is éard a bheidh i luach risíochta tacair glanluachála nó idirbhirt 1,4 uair shuim an chostais reatha athsholáthair agus na risíochta féideartha todhchaíche.

▼**M8**

3. Déanfar an costas reatha athsholáthair dá dtagraítear i mír 2 a ríomh mar leanas:

(a) maidir le tacair ghlanluachála na n-idirbheart: a thrádáiltear ar mhalartán aitheanta; a imréitíonn contrapháirtí lárnach ar bhonn lárnach, ar contrapháirtí é a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 nó a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 25 den Rialachán sin; nó a malartaítear comhthaobhacht ina leith ar bhonn déthaobhach leis an gcontrapháirtí i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, maidir leo sin ar fad úsáidfidh institiúidí an fhoirmle seo a leanas:

$$RC = TH + MTA$$

nuair:

RC = an costas athsholáthair;

TH = an tairseach corrlaigh is infheidhme maidir leis an tacar glanluachála faoin gcomhaontú corrlaigh, ar tairseach í faoina mbeadh cosc ar an institiúid glao a dhéanamh ar chomhthaobhacht; agus

MTA = íosmhéid an aistrithe is infheidhme maidir leis an tacar glanluachála faoin gcomhaontú corrlaigh;

(b) maidir leis na tacair ghlanluachála eile nó na hidirbhearta aonair eile, úsáidfidh institiúidí an fhoirmle seo a leanas:

$$RC = \max\{CMV, 0\}$$

nuair:

RC = an costas athsholáthair; agus

CMV = an margadhluach reatha.

D'fhonn an costas reatha athsholáthair a ríomh, tabharfaidh institiúidí na luachanna margaidh reatha cothrom le dáta ar bhonn míosúil ar a laghad.

4. Déanfaidh institiúidí an risíocht fhéideartha thodhchaíoch dá dtagraítear i mír 2 a ríomh mar leanas:

(a) is éard is risíocht fhéideartha thodhchaíoch tacair glanluachála ann suim risíocht fhéideartha thodhchaíoch na n-idirbheart uile a áirítear sa tacar glanluachála, arna ríomh i gcomhréir le pointe (b);

(b) is éard is risíocht fhéideartha thodhchaíoch idirbhirt aonair ann a mhéid barúlach arna iolrú faoin méid seo a leanas:

(i) toradh 0,5 % agus aibíocht iarmhair an idirbhirt arna sloinneadh i mblianta le haghaidh conarthaí díorthach rátaí úis;

(ii) toradh 6 % agus aibíocht iarmhair an idirbhirt arna sloinneadh i mblianta le haghaidh conarthaí díorthach creidmheasa;

(iii) 4 % le haghaidh díorthach malairte eachtraí;

(iv) 18 % le haghaidh díorthach óir agus tráchtearraí seachas díorthaigh leictreachais;

(v) 40 % le haghaidh díorthach leictreachais;

(vi) 32 % le haghaidh díorthach cothromais;

(c) déanfar an méid barúlach dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír seo a chinneadh i gcomhréir le pointe (2) agus (3) d'Airteagal 279(b) maidir le gach díorthach a liostaítear sa phointe sin; ina theannta sin, déanfar méid barúlach na ndíorthach dá dtagraítear i bpointí (b)(iii) go (b)(vi) den mhír seo a chinneadh i gcomhréir le pointí (b) agus (c) d'Airteagal 279b(1);

▼M8

(d) déanfar risíocht fhéideartha thodhchaíoch na dtacar glanluachála dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 3 a iolrú faoi 0,42.

Chun risíocht fhéideartha díorthach rátaí úis agus díorthach creidmheasa i gcomhréir le pointe b(i) agus (ii), féadfaidh institiúid rogha a dhéanamh an aibíocht bunaidh a úsáid in áit aibíocht iarmhair na gconarthaí.

▼B

## Roinn 6

## Modh na samhla inmheánaí

### *Airteagal 283*

### Cead chun Modh na Samhla Inmheánaí a úsáid

1. Ar an gcoinníoll go bhfuil na húdaráis inniúla sásta gur chomhlíon institiúid an ceanglas i mír 2, tabharfaidh siad cead don institiúid sin Modh na Samhla Inmheánaí (IMM) a úsáid chun luach na risíochta a ríomh le haghaidh ceann ar bith de na hidirbhearta seo a leanas:

(a) idirbhearta in Airteagal 273(2)(a);

(b) idirbhearta in Airteagal 273(2)(b), (c) agus (d);

(c) idirbhearta in Airteagal 273(2)(a) go (d),

I gcás ina dtugtar cead d'institiúid an IMM a úsáid chun luach na risíochta a ríomh maidir le haon cheann de na hidirbhearta a luaitear i bpointí (a) go (c) den chéad fhomhír, féadfaidh sí an IMM a úsáid maidir leis na hidirbhearta in Airteagal 273(2)(e) freisin.

D'ainneoin an tríú fomhír d'Airteagal 273(1), féadfaidh institiúid an rogha a dhéanamh gan an modh seo a chur i bhfeidhm i leith risíochtaí atá neamhábhartha ó thaobh méide agus priacal de. I gcás mar sin, cuirfidh an institiúid ceann de na modhanna a leagtar amach i Ranna 3 go 5 i bhfeidhm i leith na risíochtaí sin i gcás ina gcomhlíontar na ceanglais ábhartha uile maidir le gach cur chuige.

2. Ní thabharfaidh na húdaráis inniúla cead d'institiúidí IMM a úsáid do na ríomhanna dá dtagraítear dóibh i mír 1 ach amháin má tá sé léirithe ag an institiúid go bhfuil sí ag comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach sa Roinn seo, agus go bhfuil sé fíoraithe ag na húdaráis inniúla go bhfuil na córais chun an CCR a bhainistiú atá á gcoinneáil ag an institiúid slán agus curtha i bhfeidhm i gceart.

3. Féadfaidh na húdaráis áitiúla cead a thabhairt d'institiúidí an IMM a chur i bhfeidhm go seicheamhach thar chineálacha éagsúla idirbhirt ar feadh tréimhse teoranta. I rith na tréimhse sin de chur chun feidhme seicheamhach, féadfaidh institiúidí na modhanna a leagtar amach i Roinn 3 nó Roinn 5 a úsáid don chineál idirbhirt nach bhfuil an IMM in úsáid acu ina leith.

▼M8

4. Maidir le gach idirbheart díorthach thar an gcuntar, agus maidir le hidirbhearta socraíochta iarchurtha nach bhfuil cead faighte ag institiúid an IMM a úsáid ina leith faoi mhír 1, bainfidh an institiúid úsáid as na modhanna a leagtar amach i Roinn 3. Féadfar na modhanna sin a úsáid i dteaglaim ar bhonn buan laistigh de ghrúpa.

▼B

5. Ní fhillfidh institiúid a bhfuil cead faighte aici an IMM a úsáid i gcomhréir le mír 1 ar na modhanna a leagtar amach i Roinn 3 nó Roinn 5 ach amháin má fhaigheann sí cead ón údarás inniúil é sin a dhéanamh. Tabharfaidh na húdaráis inniúla cead den sórt sin má léiríonn an institiúid go bhfuil cúis mhaith leis.

6. I gcás ina scoireann institiúid de chomhlíonadh na gceanglas a leagtar amach sa Roinn seo, tabharfaidh sí fógra don údarás inniúil agus déanfaidh sí ceann de na nithe seo a leanas:

(a) cuirfidh sí plean faoi bhráid an údaráis inniúil ionas go gcomhlíonfar na ceanglais arís go tráthúil;

(b) taispeánfaidh sí chun sástachta an údaráis inniúil go bhfuil éifeacht an neamhchomhlíonta neamhábhartha.

*Airteagal 284*

**Luach na risíochta**

1. I gcás ina dtugtar cead d'institiúid an IMM a úsáid, i gcomhréir le hAirteagal 283(1), chun luach na risíochta a ríomh le haghaidh roinnt de na hidirbhearta a luaitear sa mhír sin, nó iad ar fad, déanfaidh sí luach na risíochta de na hidirbhearta sin a thomhas ar leibhéal an tacair ghlanluachála.

Déanfaidh an tsamhail arna húsáid ag an institiúid chun na críche sin:

(a) an dáileachán réamhaisnéise a shonrú le haghaidh athruithe i margadhluach an tacair ghlanluachála de thoradh ar chomhathruithe in athróga ábhartha an mhargaidh, amhail rátaí úis agus rátaí malairte eachtraí;

(b) luach na risíochta a ríomh don tacar glanluachála ar gach ceann de na dátaí sa todhchaí ar bhonn na gcomhathruithe in athróga an mhargaidh.

▼C2

2. Ionas go ndéanfaidh an tsamhail éifeachtaí an tsocraithe corrlaigh a ghabháil, comhlíonfaidh samhail luach na comhthaobhachta na ceanglais chainníochtúla, cháilíochtúla agus sonraí don IMM i gcomhréir leis an Roinn seo agus ní fhéadfaidh an institiúid ach comhthaobhacht airgeadais incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 197 agus, Airteagal 198 agus i bpointe (c) agus i bpointe (d) d'Airteagal299(2)a chur san áireamh ina dáileacháin réamhaisnéise maidir le hathruithe i margadhluach an tacair ghlanluachála.

▼B

3. Beidh an ceanglas cistí dílse do priacal creidmheasa an chontrapháirtí i ndáil leis na risíochtaí ar CCR a gcuireann institiúid an IMM i bhfeidhm ina leith, cothrom leis an gceann is airde díobh seo a leanas:

(a) an ceanglas cistí dílse do na risíochtaí sin arna ríomh ar bhonn an EPE iarbhír ag úsáid sonraí reatha an mhargaidh;

(b) an ceanglas cistí dílse do na risíochtaí sin arna ríomh ar bhonn an EPE iarbhír ag úsáid calabrú struis amháin do gach risíocht ar CCR a gcuireann siad an IMM i bhfeidhm maidir leis.

▼B

4. Cé is moite de na contrapháirtithe a aithnítear a bhfuil Sainpriacal Comhghaolmhaireachta acu a thagann faoi raon feidhme Airteagal 291(4) agus (5), déanfaidh institiúidí luach na risíochta a ríomh mar an toradh ar alfa (α) uair an EPE iarbhír, mar a leanas:

$$Exposure\ value = \alpha \cdot Effective\ EPE$$

nuair atá:

α = 1.4, ach amháin má bhíonn α níos airde de dhíth ar údaráis inniúla nó má cheadaíonn siad a meastacháin féin a úsáid i gcomhréir le mír 9;

Déanfar an EPE iarbhír a ríomh trí mheastachán a dhéanamh den risíocht ionchasach (EEt) mar an risíocht mheánach ar dháta sa todhchaí t, i gcás ina ndéantar an meán a thógáil thar luachanna féideartha fachtóirí priacal margaidh ábhartha.

Déanfaidh an tsamhail meastachán ar EE ar shraith dátaí sa todhchaí, t1, t2, t3, etc.

5. Déanfar EE iarbhír a ríomh go hathchúrsach mar a leanas:

$$Effective\ EE_{tk} = \max\{Effective\ EE_{tk-1},\ EE_{tk}\}$$

nuair atá:

an dáta reatha curtha in iúl mar t0;

Tá EEt0 iarbhír cothrom leis an risíocht reatha.

6. Is é atá in EPE iarbhír meán an EE iarbhír i rith na chéad bhliana de risíocht todhchaí. Má aibíonn gach conradh sa tacar glanluachála faoi cheann bliana amháin, beidh an EPE cothrom le meán an EE go dtí go n-aibeoidh gach conradh sa tacar glanluachála. ►C3 Déanfar an EPE iarbhír a ríomh mar mheán ualaithe den EE iarbhír:

$$Effective\ EPE = \frac{1}{min\{1\ year,\ maturity\}} \cdot \sum_{k=1}^{min\{1\ year,\ maturity\}} Effective\ EE_{t_k} \cdot \Delta t_k$$

i gcás ina gceadaítear leis na hualuithe $\Delta\ t_k = t_k - t_{k-1}$ gur féidir an risíocht todhchaí a ríomh ar dhátaí nach bhfuil an méid ama céanna eatarthu. ◄

7. Ríomhfaidh institiúidí an EE nó na bearta risíochta buaice ar bhonn dáilte risíochtaí arb ionann iad agus neamh-normáltacht fhéideartha dháileadh na risíochtaí.

▼C2

8. Féadfaidh institiúid aonad tomhais den dáileadh arna ríomh ag an IMM a úsáid atá níos coimeádaí ná α iolraithe faoi EPE iarbhír arna ríomh i gcomhréir leis an gcothromóid i mír 4 maidir le gach contrapháirtí.

▼B

9. D'ainneoin mhír 4, féadfaidh údaráis inniúla cead a thabhairt d'institiúidí a meastacháin féin ar alfa a úsáid sa chás seo a leanas:

▼B

(a) beidh alfa cothrom leis an gcóimheas idir an caipiteal inmheánach ó ionsamhlú iomlán de risíocht CCR thar chontrapháirtithe (uimhreoir) agus an caipiteal inmheánach bunaithe ar EPE (ainmneoir);

(b) san ainmneoir, bainfear úsáid as EPE amhail is dá mba shuim sheasta gan íoc í.

Nuair a dhéantar meastachán ar alfa i gcomhréir leis an mír seo, ní bheidh sé níos ísle ná 1.2.

10. Ar mhaithe le meastachán a dhéanamh ar alfa faoi mhír 9, áiritheoidh institiúid go ndéanfar an t-uimhreoir agus an t-ainmneoir a ríomh ar bhealach atá comhsheasmhach leis an modheolaíocht ionsamhlaithe, sonraíochtaí na bparaiméadar agus comhdhéanamh na punainne. Beidh an cur chuige a úsáidfear chun meastachán a dhéanamh ar α bunaithe ar chur chuige na hinstitiúide maidir le caipiteal inmheánach; déanfar é a dhoiciméadú go maith agus beidh sé faoi réir bailíochtú neamhspleách. Ina theannta sin, déanfaidh institiúid athbhreithniú ar a cuid meastachán maidir le halfa ar bhonn ráithiúil ar a laghad, agus níos minice nuair a bhíonn éagsúlacht ar chomhdhéanamh na punainne ag amanna éagsúla. Déanfaidh institiúid measúnú ar priacal na samhla freisin.

11. Déanfaidh institiúid measúnú ar priacal na samhla freisin. Léireoidh institiúid chun sástachta na n-údarás inniúil go bhfuil a meastacháin inmheánacha den ghabháil alfa i bhfoinsí ábhartha spleáchais de dháileadh margadhluachanna idirbheart nó punanna idirbheart thar chontrapháirtithe. Cuirfear gráinneacht na bpunann san áireamh sna meastacháin inmheánacha ar alfa.

12. Agus maoirseacht á déanamh ar úsáid na meastachán faoi mhír 9, tabharfaidh na húdaráis inniúla aird ar an éagsúlacht shuntasach i meastacháin den alfa a thagann chun cinn ón bhféidearthacht míshonraíocht a dhéanamh sna samhlacha a úsáidtear don uimhreoir, go háirithe nuair a bhíonn dronnacht i gceist.

13. Nuair is iomchuí, beidh fachtóir an priacal creidmheasa mar choinníoll do na luaineachtaí agus na táblaí comhghaoil d'fhachtóirí an priacal margaidh a úsáidtear i gcomh-ionsamhlú an mhargaidh agus an priacal creidmheasa chun méaduithe féideartha i luaineacht nó comhghaol i gcor chun donais eacnamaíoch a léiriú.

*Airteagal 285*

**Luach na risíochta maidir le tacair ghlanluachála atá faoi réir ag comhaontú éarlaise**

▼C2

1. Má tá an tacar glanluachála faoi réir ag comhaontú corrlaigh agus luacháil laethúil marcála ón margadh, déanfaidh an institiúid EPE iarbhír faoi mar a leagtar amach é sa mhír seo a ríomh. Más rud é go ndéantar iarmhairtí socraithe corrlaigh a ghabháil sa tsamhail agus an EE á ríomh, féadfaidh an institiúid, faoi réir ceada ón údarás inniúil, tomhas EE na samhla a úsáid go díreach sa chothromóid in Airteagal 284(5). Ní bhronnfaidh údaráis inniúla cead den sórt sin ach amháin má dhéanann siad a fhíorú go ndéanann an tsamhail iarmhairtí an tsocraithe corrlaigh a ghabháil i gceart agus meastachán á dhéanamh ar EE. Déanfaidh institiúid nach bhfuil an cead sin faighte aici ceann de na tomhais EPE iarbhír seo a leanas a úsáid:

(a) EPE iarbhír, arna ríomh gan comhthaobhacht ar bith atá á sealbhú nó atá breactha mar corrlach a chur san áireamh móide comhthaobhacht ar bith breactha le contrapháirtí, neamhspleách ón bpróiseas laethúil luachála agus corrlaigh nó ón risíocht reatha;

▼C2

(b) EPE iarbhír arna ríomh mar an méadú féideartha sa risíocht thar an tréimhse corrlaigh faoi phriacal, móide an ceann is mó idir:

(i) an risíocht reatha lena n-áirítear an chomhthaobhacht uile atá á sealbhú nó atá breactha, seachas comhthaobhacht atá glaoite nó faoi dhíospóid;

(ii) an risíocht ghlan is mó, lena n-áirítear comhthaobhacht faoin gcomhaontú corrlaigh, nach spreagfadh glao ar chomhthaobhacht. Léireofar sa tsuim seo gach tairseach, íosmhéideanna aistrithe, méideanna neamhspleácha agus corrlaigh tosaigh is infheidhme faoi chomhaontú corrlaigh;

▼B

Chun críocha phointe (b), déanfaidh institiúidí an forlíontán a ríomh mar an t-athrú deimhneach a bhfuiltear ag súil leis i luach marcála ón margadh na n-idirbheart i rith na tréimhse corrlaigh faoi phriacal. Léireofar athruithe ar luach comhthaobhachta ag baint úsáide as coigeartuithe luaineachta maoirseachta i gcomhréir le Roinn 3 de Chaibidil 4 nó sna meastacháin féin den choigeartú luaineachta sa Mhodh Cuimsitheach Comhthaobhach Airgeadais, ach ní dhéanfar talamh slán d'aon íocaíochtaí comhthaobhachta i rith na tréimhse corrlaigh faoi phriacal. Tá an tréimhse corrlaigh faoi phriacal faoi réir ag na híostréimhsí a leagtar amach i míreanna 2 go 54.

2. Maidir le hidirbhearta atá faoi réir ag athshocrú laethúil corrlaigh agus luacháil marcála ón margadh, ní bheidh an tréimhse corrlaigh faoi phriacal a úsáidtear chun críocha ionsamhlaithe ar luach na risíochta le comhaontuithe corrlaigh níos lú ná:

(a) 5 lá gnó maidir le tacair ghlanluachála atá comhdhéanta d'idirbhearta athcheannaigh, idirbhearta iasachtaithe nó iasachtaíochta i leith urrús nó tráchtearraí agus idirbhearta iasachta corrlaigh amháin;

(b) 10 lá gnó maidir le gach tacar glanluachála eile.

3. Beidh pointe (a) agus pointe (b) de mhír 2 faoi réir ag na heisceachtaí seo a leanas:

(a) maidir le gach tacar glanluachála ina bhfuil líon na dtrádálacha níos mó ná 5,000 ag tráth ar bith i rith ráithe, ní bheidh an tréimhse corrlaigh faoi phriacal don chéad ráithe eile níos lú ná 20 lá gnó. Ní bheidh feidhm ag an eisceacht seo maidir le risíochtaí trádála institiúidí;

(b) maidir le tacair ghlanluachála ina bhfuil trádáil amháin nó níos mó lena bhfuil comhthaobhacht neamhleachtach i gceist, nó díorthach thar an gcuntar nach féidir a ionadú go héasca, ní bheidh an tréimhse corrlaigh faoi phriacal níos lú ná 20 lá gnó.

▼B

Cinnfidh institiúid an bhfuil comhthaobhacht neamhleachtach nó nach bhfuil nó ar féidir díorthaigh thar an gcuntar a athsholáthar go héasca i gcomhthéacs na ndálaí struis sa mhargadh, rud a chiallaíonn go bhfuil easpa margaí atá gníomhach go leanúnach ann i gcás ina bhfaigheadh contrapháirtí, laistigh de dhá lá nó níos lú ná sin, praghsanna iolracha reatha nach ndéanfadh an margadh a bhogadh ná praghas a léiriú lena ndéanfaí lascaine margaidh (i gcás comhthaobhachta) nó préimh (i gcás díorthach thar an gcuntar) a léiriú.

Déanfaidh institiúid a mheas an bhfuil trádálacha agus urrúis arna sealbhú aici comhdhlúite i gcontrapháirtí áirithe nó nach bhfuil agus, dá bhfágfadh an contrapháirtí sin an margadh go rite, an mbeadh an institiúid in ann na trádálacha nó na hurrúis sin a athsholáthar nó nach mbeadh.

4. Má bhí baint ag institiúid le níos mó ná dhá dhíospóid um ghlao ar corrlach maidir le tacar glanluachála áirithe thar an dá ráithe go díreach roimhe a mhair níos faide ná an tréimhse corrlaigh atá infheidhme faoi mhír 2 agus mhír 3, bainfidh an institiúid úsáid as tréimhse corrlaigh faoi phriacal dhá oiread ar a laghad na tréimhse a shonraítear i mír 2 agus mír 3 le haghaidh an tacair ghlanluachála sin don dá ráithe ina dhiaidh sin.

5. Maidir le hathshocrú corrlaigh lena mbaineann tréimhse N lá, beidh an tréimhse corrlaigh faoi phriacal cothrom ar a laghad leis an tréimhse a shonraítear i mír 2 agus mír 3, F, móide N lá lúide lá amháin. Is é sin:

$$Tréimhse\ Corrlaigh\ faoi\ Phriacal = F + N - 1$$

6. Má tá éifeacht an tsocraithe corrlaigh ar athruithe ar margadhluach an tacair ghlanluachála san áireamh sa tsamhail inmheánach, déanfaidh institiúid comhthaobhacht, seachas airgead tirim den airgeadra céanna ina bhfuil an risíocht í féin, a shamhaltú go comhpháirteach leis an risíocht ina ríomhanna um luach risíochta maidir le díorthaigh thar an gcuntar agus idirbhearta maoinithe urrús.

7. Mura bhfuil institiúid in ann comhthaobhacht a shamhaltú go comhpháirteach leis an neamhchosaint, ní dhéanfaidh sí éifeacht na comhthaobhachta a aithint ina ríomhanna den luach risíochta maidir le díorthaigh thar an gcuntar agus idirbhearta maoinithe urrús seachas airgead tirim den airgeadra céanna ina bhfuil an risíocht í féin, mura n-úsáideann sí coigeartuithe luaineachta lena gcomhlíontar caighdeáin an mhodha chuimsithigh chomhthaobhaigh airgeadais lena meastacháin féin ar choigeartuithe luaineachta nó na coigeartuithe luaineachta maoirseachta caighdeánacha de réir Chaibidil 4.

8. Tabharfaidh institiúid a úsáideann an IMM neamhaird ina samhlacha ar éifeacht laghdú i luach na risíochta mar gheall ar aon chlásal i gcomhaontú comhthaobhachta óna dteastaíonn comhthaobhacht a fháil nuair a mheathlaíonn cáilíocht chreidmheasa an chontrapháirtí.

*Airteagal 286*

**Bainistíocht ar CCR – Beartais, próisis agus córais**

1. Déanfaidh institiúid creat bainistíochta CCR a bhunú agus a choimeád ar bun, lena gcuimsítear na nithe seo a leanas:

▼B

(a) beartais, próisis agus córais chun aithint, tomhas, bainistíocht, faomhadh agus tuairisciú inmheánach a áirithiú maidir le CCR;

(b) nósanna imeachta chun a áirithiú go gcomhlíontar na beartais, na próisis agus na córais sin.

Beidh na beartais, na próisis agus na córais sin bunaithe ar bhonn coincheapúil fónta, arna bhfeidhmiú le hionracas agus arna ndoiciméadú. Áireofar leis an doiciméadú míniú ar na teicnící eimpíreacha a úsáideadh chun CCR a thomhas.

2. Cuirfear priacail margaidh, leachtachta agus priacail dlíthiúla agus oibriúcháin a bhaineann le CCR san áireamh sa chreat bainistíochta CCR a cheanglaítear le mír 1. Áiritheoidh an creat go háirithe go gcomhlíonann an institiúid na prionsabail seo a leanas:

(a) ní dhéanann sí gnó le contrapháirtí gan a hacmhainneacht creidmheasa a mheasúnú;

(b) cuireann sí priacal creidmheasa socraíochta agus réamhshocraíochta san áireamh go hiomlán;

(c) déanann sí priacail den sórt sin a bhainistiú chomh cuimsitheach agus is féidir ar leibhéal an chontrapháirtí trí risíochtaí CCR a chomhiomlánú le risíochtaí creidmheasa eile ar fud an ghnólachta.

3. Áiritheoidh institiúid a úsáideann an IMM go gcomfhreagraíonn a creat bainistíochta CCR, chun sástachta an údaráis inniúil, do na priacail leachtachta a bhaineann leis na nithe seo a leanas go léir:

(a) glaonna ionchasacha ar corrlach a thiocfadh isteach i gcomhthéacs malartuithe corrlaigh athrúcháin nó cineálacha corrlaigh eile, amhail corrlach thosaigh nó neamhspleách, faoi shuaití neamhfhabhracha sa mhargadh;

(b) glaonna ionchasacha a thiocfadh isteach ar aisíoc comhthaobhachta iomarcaí a dhéantar a thaisceadh ag contrapháirtithe;

(c) glaonna mar thoradh ar íosghrádú ionchasach ar a measúnú seachtrach féin ar cháilíocht chreidmheasa.

Áiritheoidh institiúid go bhfuil cineál agus scóip athúsáid na comhthaobhachta comhsheasmhach lena riachtanais leachtachta agus nach gcuirtear a cumas comhthaobhacht a bhreacadh nó a aisíoc ar bhealach tráthúil i gcontúirt.

4. Beidh baint ghníomhach ag comhlacht bainistíochta agus lucht bainistíochta sinsearaí institiúide le bainistíocht an CCR, agus déanfaidh siad a áirithiú go ndéantar dóthain acmhainní a leithdháileadh ina leith. Beidh an lucht bainistíochta sinsearaí ar an eolas faoi theorainneacha agus thoimhdí na samhla a úsáidtear agus faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na teorainneacha agus ag na toimhdí sin ar iontaofacht an aschuir trí phróiseas foirmiúil. Beidh an lucht bainistíochta sinsearaí ar an eolas freisin faoi neamhchinnteachtaí timpeallacht an mhargaidh agus saincheisteanna oibríochta agus an dóigh a léirítear iad seo sa tsamhail.

▼B

5. Déanfar athbhreithniú ar na tuarascálacha laethúla a ullmhaítear maidir le risíochtaí institiúide ar CCR de réir Airteagal 287(2)(b) ag leibhéal bainistíochta ag a mbeidh sinsearacht agus údarás leodhóthanach chun laghduithe i suímh a ghlacann bainisteoirí creidmheasa nó trádálaithe aonair a fhorfheidhmiú chomh maith le laghduithe i risíocht fhoriomlán na hinstitiúide ar CCR.

6. Bainfear úsáid as creat bainistíochta CCR institiúide agus bunófar an creat sin de réir mhír 1 i gcomhcheangal le teorainneacha creidmheasa agus trádála inmheánacha. Beidh baint ag teorainneacha creidmheasa agus trádála le samhail tomhais priacal na hinstitiúide ar bhealach a bheidh comhsheasmhach thar am agus ar a mbeidh dea-thuiscint ag bainisteoirí creidmheasa, ag trádálaithe agus ag bainistíocht shinsearach. Beidh próiseas foirmiúil ag institiúid chun sáruithe ar theorainneacha creidmheasa a thuairisciú don leibhéal bainistíochta iomchuí.

7. Áireofar le tomhas institiúide ar CCR tomhas laethúil agus úsáid ionlae as línte creidmheasa. Déanfaidh an institiúid risíocht reatha a thomhas le comhthaobhacht san áireamh agus glan ar chomhthaobhacht. Ar leibhéal na punainne agus an chontrapháirtí, déanfaidh an institiúid risíocht nó risíocht fhéideartha thodhchaí a ríomh agus déanfaidh sí faireachán orthu ag an eatramh muiníne a roghnóidh an institiúid. Cuirfidh an institiúid suímh mhóra nó chomhdhlúite san áireamh, lena n-áirítear suímh a ghlacann grúpaí de chontrapháirtithe gaolmhara, tionscail agus an margadh.

8. Déanfaidh institiúid clár dian rialta de thástáil struis a bhunú agus a choimeád ar bun. Déanfaidh lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú rialta ar thorthaí na tástála struis sin gach ráithe ar a laghad agus déanfar iad a léiriú i mbeartais agus i dteorainneacha CCR a leagfaidh an comhlacht bainistíochta nó an bhainistíocht shinsearach síos. I gcás ina ndéantar leochaileacht áirithe a nochtadh leis na tástálacha struis maidir le sraith imthosca áirithe, glacfaidh an institiúid céimeanna prasa chun na priacail sin a bhainistiú.

*Airteagal 287*

**Struchtúir eagrúcháin maidir le bainistíocht CCR**

1. Déanfaidh institiúid a úsáideann an IMM na nithe seo a leanas a bhunú agus a choimeád ar bun:

(a) aonad rialaithe priacal a chomhlíonann le mír 2;

(b) aonad bainistíochta comhthaobhachta a chomhlíonann le mír 3.

2. Beidh an t-aonad rialaithe priacal freagrach as bainistíocht CCR na hinstitiúide a dhearadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear bailíochtú tosaigh agus leanúnach na samhla, agus déanfaidh sé na feidhmeanna seo a leanas agus comhlíonfaidh sé na ceanglais seo a leanas:

(a) beidh sé freagrach as córas bainistíochta CCR na hinstitiúide a dhearadh agus a chur chun feidhme;

(b) déanfaidh sé tuarascálacha laethúla a tháirgeadh maidir le haschur shamhail tomhais priacal na hinstitiúide agus déanfaidh sé anailís air. Áireofar leis an anailís sin meastóireacht ar an gcaidreamh idir toisí luachanna na risíochtaí CCR agus teorainneacha trádála;

▼B

(c) déanfaidh sé sláine na sonraí ionchuir a rialú agus déanfaidh sé tuarascálacha a tháirgeadh agus a anailísiú maidir le haschur shamhail tomhais priacal na hinstitiúide, lena n-áirítear meastóireacht ar an gcaidreamh idir toisí luachanna na risíochta ar priacal agus teorainneacha creidmheasa agus trádála;

(d) beidh sé neamhspleách ó aonaid atá freagrach as risíochtaí a thionscnamh, a athnuachan nó a thrádáil agus beidh sé saor ó thionchar míchuí;

(e) beidh dóthain foirne ann;

(f) déanfaidh sé tuairiscí a chur díreach chuig lucht bainistíochta sinsearaí na hinstitiúide;

(g) beidh a chuid oibre comhtháite go dlúth le próiseas laethúil bainistithe priacal creidmheasa na hinstitiúide;

(h) beidh a aschur ina chuid ríthábhachtach den phróiseas pleanála, faireacháin agus rialaithe maidir le próifíl chreidmheasa agus priacal fhoriomláin na hinstitiúide.

3. Cuirfidh an t-aonad bainistíochta comhthaobhachta na cúraimí agus na feidhmeanna seo a leanas i gcrích:

(a) glaonna ar chorrlach a ríomh agus a dhéanamh, díospóidí maidir le glaonna ar corrlach a bhainistiú agus leibhéil na méideanna neamhspleácha, corrlaigh tosaigh agus corrlaigh athrúcháin a thuairisciú go beacht ar bhonn laethúil;

(b) sláine na sonraí a rialú a úsáidtear chun glaonna ar chorrlach a dhéanamh, agus a áirithiú go bhfuil siad comhsheasmhach agus go ndéantar iad a réiteach go rialta le foinsí sonraí ábhartha uile laistigh den institiúid;

(c) rianú a dhéanamh ar cé chomh mór is a dhéantar athúsáid ar chomhthaobhacht agus ar aon leasú ar chearta na hinstitiúide ar an gcomhthaobhacht a thaisceann sí nó maidir leis an gcomhthaobhacht sin;

(d) tuairisciú don leibhéal bainistíochta iomchuí maidir leis na cineálacha sócmhainní comhthaobhachta a athúsáidtear, agus téarmaí athúsáide den sórt sin lena n-áirítear an ionstraim, cáilíocht an chreidmheasa agus aibíocht;

(e) rianú a dhéanamh ar chomhdhlúthacht chuig cineálacha aonair sócmhainní comhthaobhachta a nglacann an institiúid leo;

(f) faisnéis bainistíochta comhthaobhachta a thuairisciú ar bhonn rialta, agus gach ráithe ar a laghad, don lucht bainistíochta sinsearaí, lena n-áirítear faisnéis maidir le cineál na comhthaobhachta a fhaightear agus a dhéantar a bhreacadh, méid, aosú agus an chúis maidir le díospóidí um ghlaonna ar chorrlach. Léireofar claontaí sna figiúirí seo sa tuairisciú inmheánach sin.

▼B

4. Déanfaidh lucht bainistíochta sinsearaí dóthain acmhainní a leithdháileadh ar an aonad bainistíochta comhthaobhachta a theastaíonn faoi mhír 1(b) lena áirithiú go mbaintear leibhéal iomchuí feidhmíochta oibríochta amach lena chórais, arna thomhas le tráthúlacht agus le beachtas na nglaonna ar chorrlach arna ndéanamh ag an institiúid agus tráthúlacht fhreagra na hinstitiúide ar ghlaonna ar chorrlach arna ndéanamh ag a contrapháirtithe. Áiritheoidh an lucht bainistíochta sinsearaí go mbeidh dóthain foirne ag an aonad chun glaonna agus díospóidí a phróiseáil ar bhealach tráthúil fiú faoi ghéarchéim throm sa mhargadh, agus chun cur ar chumas na hinstitiúide teorainn a chur le líon mór na ndíospóidí a tharlaíonn mar thoradh ar mhéideanna trádála.

*Airteagal 288*

**Athbhreithniú ar chóras bainistíochta CCR**

Déanfaidh institiúid athbhreithniú neamhspleách rialta ar a córas bainistíochta CCR trína próiseas iniúchta inmheánaigh. Áireofar leis an athbhreithniú sin gníomhaíochtaí na n-aonad bainistíochta rialaithe agus comhthaobhachta araon a cheanglaítear le hAirteagal 287 agus tabharfar aghaidh ar na nithe seo a leanas go sainiúil, ar a laghad:

(a) leordhóthanacht dhoiciméadú an chórais agus an phróisis bhainistíochta CCR a cheanglaítear le hAirteagal 286;

(b) eagrúchán an aonaid rialaithe CCR a cheanglaítear le hAirteagal 287(1)(a);

(c) eagrúchán an aonaid bhainistíochta comhthaobhachta a cheanglaítear le hAirteagal 287(1)(b);

(d) comhtháthú na mbeart CCR le bainistíocht laethúil priacal;

(e) an próiseas faofa maidir le samhlacha praghsála priacal agus córais luachála arna n-úsáid ag pearsanra na hoifige tosaigh agus na cúloifige;

(f) bailíochtú aon athraithe shuntasaigh ar an bpróiseas tomhais CCR;

(g) raon feidhme an CCR arna ghabháil ag an tsamhail tomhais priacal;

(h) sláine an chórais faisnéise bainistíochta;

(i) beachtas agus iomláine na sonraí CCR;

(j) léiriú beacht na dtéarmaí dlíthiúla i gcomhaontuithe comhthaobhachta agus glanluachála go tomhais luachanna risíochtaí;

(k) fíorú ar chomhsheasmhacht, ar thráthúlacht agus ar iontaofacht na bhfoinsí sonraí a úsáidtear chun samhlacha a rith, lena n-áirítear neamhspleáchas foinsí sonraí den sórt sin;

(l) beachtas agus oiriúnacht na dtoimhdí luaineachta agus comhghaolúcháin;

▼B

(m) beachtas na ríomhanna luachála agus claochlaithe priacal;

(n) fíorú ar bheachtas na samhla trí chúltástáil a dhéanamh go minic mar a leagtar amach i bpointí (b) go (e) d'Airteagal 293(1);

(o) comhlíonadh na gceanglas rialála ábhartha ag an aonad rialaithe agus aonad bainistíochta comhthaobhachta CCR.

*Airteagal 289*

**Tástáil úsáide**

1. Áiritheoidh institiúidí go ndéanfar leithdháileadh na risíochtaí arna nginiúint ag an tsamhail a úsáidtear chun EPE iarbhír a ríomh a chomhtháthú go dlúth le próiseas bainistithe laethúil CCR na hinstitiúide, agus go gcuirfear aschur na samhla san áireamh sa phróiseas a bhaineann le faomhadh creidmheasa, bainistíocht CCR, leithdháileadh caipitil inmheánaigh agus rialachas corparáideach.

2. Taispeánfaidh an institiúid chun sástachta na n-údarás inniúil go raibh sí ag baint úsáide as samhail chun leithdháileadh na risíochtaí a ríomh ar a bhfuil an ríomh EPE bunaithe lena gcomhlíontar, tríd is tríd, na ceanglais a leagtar amach sa Roinn seo le haghaidh bliana amháin ar a laghad roimh fhaomhadh a fháil ó na húdaráis inniúla an IMM a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 283.

3. Beidh an tsamhail arna húsáid chun leithdháileadh risíochtaí ar CCR a ghiniúint ina cuid den chreat bainistíochta CCR a cheanglaítear le hAirteagal 286. Áireofar leis an gcreat sin tomhas ar úsáid línte creidmheasa, agus risíochtaí ar CCR á gcomhiomlánú le risíochtaí creidmheasa eile, agus leithdháileadh caipitil inmheánaigh.

4. I dteannta an EPE, déanfaidh institiúid risíochtaí reatha a thomhas agus a bhainistiú. Nuair is iomchuí, déanfaidh an institiúid risíocht reatha a thomhas le comhthaobhacht san áireamh agus glan ar chomhthaobhacht. Comhlíontar an tástáil úsáide má úsáideann institiúid bearta eile CCR, amhail risíocht bhuaice, bunaithe ar leithdháileadh risíochtaí arna nginiúint ag an tsamhail chéanna a úsáidtear chun EPE a ríomh.

5. Beidh an cumas córais ag institiúid EE a mheas ar bhonn laethúil más gá, mura dtaispeánann sí chun sástachta a n-údarás inniúil go dteastaíonn ríomh níos lú minicíochta óna risíochtaí ar CCR. Déanfaidh an institiúid EE a mheas feadh phróifíl ama de thréimhsí réamhaisnéise lena léirítear go leordhóthanach struchtúr ama sreabh airgid sa todhchaí agus aibíocht na gconarthaí agus ar bhealach atá comhsheasmhach le hábharthacht agus le comhdhéanamh na risíochtaí.

6. Déanfar risíocht a thomhas, a mhonatóiriú agus a rialú thar shaolré na gconarthaí uile sa tacar glanluachála agus ní amháin thar shaolré tréimhse bliana amháin. Beidh nósanna imeachta i bhfeidhm ag an institiúid chun na priacail a aithint agus a rialú do chontrapháirtithe nuair a ardaítear an risíocht thar thréimhse aon bhliana. Beidh an méadú ar risíocht atá tuartha ina ionchur i samhail caipitil inmheánaigh na hinstitiúide.

▼B

*Airteagal 290*

**Tástáil struis**

1. Beidh clár cuimsitheach um thástáil struis maidir le CCR ag an institiúid, lena n-áirítear úsáid a bhaint as chun ceanglais cistí dílse maidir le CCR a mheasúnú, lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos i míreanna 2 go 10.

2. Aithneofar teagmhais fhéideartha nó athruithe sa todhchaí sna dálaí eacnamaíocha a rachadh i gcion go mífhabhrach ar risíochtaí creidmheasa na hinstitiúide agus déanfar measúnú leis ar chumas na hinstitiúide dul i ngleic le hathruithe den sórt sin.

3. Cuirfear na bearta struis faoin gclár i comparáid le teorainneacha priacal agus measfaidh an institiúid iad mar chuid den phróiseas a leagtar amach in Airteagal 81 de Threoir 201336/AE.

4. Déanfar trádalacha agus risíochtaí comhlána a ghabháil go cuimsitheach leis an gclár ar fud na bhfoirmeacha uile de priacal creidmheasa an chontrapháirtí ar leibhéal na gcontrapháirtithe sainiúla i bhfráma ama leordhóthanach chun tástáil struis rialta a dhéanamh.

5. Déanfar foráil leis maidir le tástáil struis risíochta ar bhonn míosúil ar a laghad ar phríomhfhachtóirí priacal don mhargadh amhail rátaí úis, FX (airgeadraí eachtracha), cothromas, raonta difríochta creidmheasa agus praghsanna tráchtearraí do chontrapháirtithe uile na hinstitiúide, d'fhonn comhchruinnithe mórthomhais i priacail treocha sainiúla a aithint agus cur ar chumas na hinstitiúide iad a laghdú nuair is gá. Maidir le tástáil struis ar risíochtaí - lena n-áirítear priacail aonfhachtóireacha, priacail ilfhachtóireacha agus priacail neamhthreocha ábhartha - agus comhthástáil struis ar risíochtaí agus ar acmhainneacht creidmheasa déanfar iad ar leibhéal an chontrapháirtí shainiúil, ar leibhéal an ghrúpa contrapháirtithe agus ar leibhéal comhlán CCR ar fud na hinstitiúide.

6. Cuirfear cásanna ráithiúla tástála struis ilfhachtóirgh i bhfeidhm agus déanfar measúnú ar priacail neamhthreocha ábhartha lena n-áirítear risíocht cuar toraidh agus bunpriacail. Mar íosmhéid, tabharfar aghaidh ar na cásanna a leanas ina dtarlaíonn na nithe seo a leanas le tástálacha struis ilfhachtóirigh:

(a) teagmhais thromchúiseacha eacnamaíocha nó margaidh;

(b) laghdú suntasach ar leachtacht leathan an mhargaidh;

(c) tá suímh á leachtú ag mór-idirghabhálaí airgeadais.

7. Beidh déine shuaitheadh na bhfachtóirí priacal foluiteacha comhsheasmhach le cuspóir na tástála struis. Nuair a dhéantar sócmhainneacht faoi strus a mheasúnú, beidh suaitheadh na bhfachtóirí priacal foluiteacha de dhéine leordhóthanach chun timpeallachtaí margaí foircneacha stairiúla agus dálaí struis foircneacha ach sochreidte sa mhargadh a ghabháil. Déanfar measúnú sna tástálacha struis ar thionchar suaite den sórt sin ar chistí dílse, ar cheanglais cistí dílse agus ar thuilleamh. D'fhonn faireachán laethúil a dhéanamh ar phunanna, ar fhálú, agus ar chomhchruinnithe a bhainistiú breithneofar sa chlár tástála cásanna de dhéine níos ísle agus de dhóchúlacht níos airde.

▼B

8. Áireofar leis an gclár foráil, nuair is iomchuí, maidir le tástálacha struis droim ar ais chun cásanna diana, ach sochreidte, a aithint a bhféadfadh torthaí neamhfhabhracha suntasacha a bheith leo. Tabharfaidh tástáil struis droim ar ais cuntas ar an tionchar a bhíonn ag neamhlíneacht ábhartha sa phunann.

9. Déanfar torthaí na tástála struis faoin gclár a thuairisciú go rialta, ar bhonn ráithiúil ar a laghad, don lucht bainistíochta sinsearaí. Clúdófar sna tuarascálacha agus san anailís ar na torthaí an tionchar is mó ar leibhéal na gcontrapháirtithe ar fud na punainne, chomh maith le comhchruinnithe ábhartha laistigh de dheighleoga na punainne (laistigh den tionscal céanna nó den réigiún céanna) agus claontaí ábhartha a bhaineann le punanna nó contrapháirtithe sainiúla.

10. Beidh príomhról ag lucht bainistíochta sinsearaí i gcomhtháthú na tástála struis le creat bainistíochta priacal agus cultúr priacal na hinstitiúide agus déanfar a áirithiú go bhfuil na torthaí fóinteach agus go mbainfear úsáid astu chun CCR a bhainistiú. Déanfar torthaí na tástála struis maidir le risíochtaí suntasacha a mheasúnú i gcoinne treoirlínte lena léirítear fonn priacal na hinstitiúide, agus déanfar iad a atreorú chuig an lucht banistíochta sinsearaí le haghaidh plé agus gnímh nuair a dhéanfar priacail iomarcacha nó comhchruinnithe a aithint.

*Airteagal 291*

**Priacal Comhghaolmhaireachta**

1. Chun críocha an Airteagail seo:

(a) tarlaíonn 'priacal ginearálta comhghaolmhaireachta' nuair a dhéantar dealraitheacht de mainneachtana ag contrapháirtithe a chur i gcomhchoibhneas deimhneach le fachtóirí ginearálta um priacail margaidh;

(b) tarlaíonn 'Sainpriacal Comhghaolmhaireachta' nuair a dhéantar risíocht todhchaí ar chontrapháirtí sonrach a chur i gcomhchoibhneas deimhneach le PD an chontrapháirtí de bharr nádúr na n-idirbheart leis an gcontrapháirtí. Measfar institiúid a bheith ar ris ar shainpriacal comhghaolmhaireachta má táthar ag súil go mbeidh an risíocht todhchaí ar chontrapháirtí sonrach ard tráth a mbeidh dóchúlacht mainneachtana an chontrapháirtí ard freisin.

2. Tabharfaidh institiúid aird chuí ar risíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ina mbonn le méid suntasach de Shainpriacal agus de Priacal Ginearálta Comhghaolmhaireachta.

3. D'fhonn priacal ginearálta comhghaolmhaireachta a aithint, ceapfaidh institiúid tástáil struis agus anailísí ar chásanna chun fachtóirí priacal a chur faoi strus a bhaineann go neamhfhabhrach le hacmhainneacht creidmheasa contrapháirtithe. Le tástáil den sórt sin, tabharfar aghaidh ar an bhféidearthacht go dtarlódh suaitheadh dian nuair a dhéantar na caidrimh idir fachtóirí priacal a athrú. Déanfaidh institiúid faireachán ar priacal ginearálta comhghaolmhaireachta de réir táirge, réigiúin, tionscail nó de réir catagóirí eile atá ábhartha don ghnó.

4. Déanfaidh institiúid nósanna imeachta a chothabháil chun cásanna de priacal comhghaolmhaireachta a aithint, a rialú agus chun faireachán a dhéanamh orthu i gcás gach eintitis dhlíthiúil, ag tosú le tionscnamh idirbhirt agus ag leanúint feadh shaolré an idirbhirt.

▼B

5. Déanfaidh institiúidí a gceanglas cistí dílse a ríomh le haghaidh CCR maidir le hidirbhearta i gcás ina ndearnadh sainpriacal comhghaolmhaireachta a aithint agus i gcás ina bhfuil baint dhlíthiúil idir an contrapháirtí agus eisitheoir bhunionstraim an díorthaigh bhunúsaí thar an gcuntar nó bhunionstraim na n-idirbheart dá dtagraítear i bpointe (b), i bpointe (c) agus i bpointe (d) d'Airteagal 273(2), i gcomhréir leis na prionsabail seo a leanas:

(a) tá sainpriacal comhghaolmhaireachta ann ach ní dhéanfar na hionstraimí a áireamh sa tacar glanluachála céanna ina bhfuil idirbhearta eile leis an gcontrapháirtí, agus láimhseálfar gach ceann acu mar thacar glanluachála ar leith;

(b) laistigh de thacar glanluachála ar leith den sórt sin, maidir le babhtálacha mainneachtana creidmheasa aonainm, is ionann luach na risíochta agus an caillteanas ionchasach iomlán i luach an luacha chóir atá fágtha de na bunionstraimí bunaithe ar an toimhde go bhfuil an t-eisitheoir foluiteach faoi leachtú;

(c) beidh an LGD d'institiúid a úsáideann an cur chuige a leagtar amach i gCaibidil 3 cothrom le 100 % le haghaidh idirbheart babhtála den sórt sin;

(d) nó institiúid a úsáideann an cur chuige a leagtar amach i gCaibidil 2, beidh an t-ualú priacal infheidhme coibhéiseach leis sin a bhaineann le hidirbheart neamhurraithe;

(e) maidir le gach idirbheart eile lena ndéantar aon ainm a thagairt i dtacar glanluachála ar leith den sórt sin, beidh ríomh luach na risíochta comhsheasmhach leis an toimhde go mainneofar na bunoibleagáidí sin gan choinne i gcás ina bhfuil an t-eisitheoir ceangailte go dlíthiúil leis an gcontrapháirtí. Maidir le hidirbhearta lena ndéantar bascaed ainmneacha nó innéacs a thagairt, cuirfear i bhfeidhm mainneachtain na mbunoibleagáidí faoi seach, i gcás ina bhfuil an t-eisitheoir ceangailte go dlíthiúil leis an gcontrapháirtí, más ábhartha;

(f) a mhéid agus a úsáidtear ríomhanna um priacal margaidh leis seo le haghaidh ceanglas cistí dílse maidir le priacal mainneachtana agus priacal imirce incriminteach mar a leagtar amach i dTeideal IV, Caibidil 5, Roinn 4 ina bhfuil toimhde LGD cheana féin, is é 100 % an LGD a úsáidfear san fhoirmle.

6. Déanfaidh institiúidí tuarascálacha rialta ar shainpriacail agus priacail ginearálta comhghaolmhaireachta araon agus ar na céimeanna atá á ndéanamh chun na priacail sin a bhainistiú a thabhairt do lucht bainistíochta sinsearaí agus do choiste iomchuí an chomhlachta bainistíochta.

*Airteagal 292*

**Sláine an phróisis samhaltaithe**

1. Áiritheoidh institiúid sláine an phróisis samhaltaithe mar a leagtar amach in Airteagal 284 trí na bearta seo a leanas a ghlacadh ar a laghad:

(a) léireofar téarmaí agus sonraíochtaí idirbheart leis an tsamhail ar bhealach tráthúil, iomlán agus coimeádach;

(b) áireofar leis na téarmaí sin ar a laghad méideanna barúlacha, aibíocht, sócmhainní tagartha, socruithe faoi shocrú corrlaigh agus socruithe glanluachála a bhainfidh leis an gconradh;

▼B

(c) déanfar na téarmaí agus sonraíochtaí sin a choinneáil i mbunachar sonraí a bheidh faoi réir ag iniúchadh foirmiúil tréimhsiúil;

(d) próiseas chun socruithe glanluachála a aithint óna dteastaíonn foireann dhlíthiúil chun a fhíorú go bhfuil glanluacháil faoi na socruithe sin infheidhme le dlí;

(e) cuirfidh aonad neamhspleách an fíorú a cheanglaítear le pointe (d) isteach sa bhunachar sonraí atá luaite i bpointe (c);

(f) beidh tarchur téarmaí idirbheart agus sonraí na sonraíochtaí chuig an tsamhail EPE faoi réir ag iniúchadh inmheánach;

(g) beidh próisis ann chun réiteach foirmiúil a dhéanamh idir an tsamhail agus córais na sonraí foinseacha chun fíorú a dhéanamh ar bhonn leanúnach go bhfuil téarmaí agus sonraíochtaí idirbheart á léiriú i gceart, nó go coimeádach ar a laghad, in EPE.

2. Bainfear úsáid as sonraí margaidh reatha chun risíochtaí reatha a chinneadh. Féadfaidh institiúid a samhail EPE a chalabrú agus sonraí margaidh stairiúla nó sonraí intuigthe ón margadh á n-úsáid chun paraiméadair na bpróiseas stocastach foluiteach a bhunú, amhail síobadh, luaineacht agus comhchoibhneas. Má úsáideann institiúid sonraí stairiúla, bainfidh sí úsáid as trí bliana ar a laghad de shonraí den sórt sin. Déanfar na sonraí a nuashonrú gach ráithe ar a laghad, agus níos minice más gá chun na dálaí margaidh a léiriú.

Chun an EPE iarbhír a ríomh le calabrú struis, déanfaidh institiúid EPE iarbhír a chalabrú agus trí bliana de shonraí, lena n-áirítear tréimhse struis i dtaca le raonta difríochta creidmheasa a contrapháirtithe, a úsáid nó sonraí intuigthe ón margadh ó thréimhse struis den sórt sin.

Cuirfidh an institiúid na ceanglais i míreanna 3, 4 agus 5 i bhfeidhm chun na críche sin.

3. Taispeánfaidh institiúid chun sástachta an údaráis inniúil, gach ráithe ar a laghad, go gcomhtharlaíonn an tréimhse struis a úsáidtear don ríomh faoin mír seo le tréimhse de bhabhtáil mainneachtana creidmheasa mhéadaithe nó raonta difríochta creidmheasa eile (amhail iasacht nó banna corparáideach) maidir le sampla ionadaíoch dá contrapháirtithe ag a bhfuil raonta difríochta creidmheasa trádáilte. I gcásanna nach bhfuil dóthain sonraí ag institiúid faoi raon difríochta creidmheasa a bhaineann le contrapháirtí, déanfaidh sí an contrapháirtí sin a mhapáil le sonraí sainiúla maidir le raon difríochta creidmheasa bunaithe ar réigiún, rátáil inmheánach agus cineálacha gnólachtaí.

4. Sa tsamhail EPE maidir leis na contrapháirtithe uile, bainfear úsáid as sonraí stairiúla nó sonraí intuigthe, lena n-áirítear na sonraí ón tréimhse creidmheasa faoi strus agus bainfear úsáid as sonraí den sórt sin ar bhealach atá comhsheasmhach leis an modh a úsáidtear chun an tsamhail EPE a chalabrú le sonraí reatha.

▼B

5. Chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an chalabraithe struis maidir le EEPE, déanfaidh institiúid roinnt punann tagarmharcála a chruthú atá leochaileach do na príomhfhachtóirí priacal ar a bhfuil an institiúid risíochta. Déanfar an risíocht ar na punanna tagarmharcála seo a ríomh ag úsáid (a) modheolaíocht struis bunaithe ar na luachanna margaidh reatha agus ar pharaiméadair shamhlacha atá calabraithe do dhálaí struis sa mhargadh, agus (b) an risíocht a rinneadh a ghiniúint sa tréimhse struis, ach an modh á chur i bhfeidhm a leagtar amach sa Roinn seo (luach margaidh dheireadh na tréimhse struis, luaineachtaí, agus réitigh ón tréimhse struis trí bliana).

Ceanglóidh na húdaráis inniúla ar institiúid an calabrú struis a choigeartú má athraíonn na risíochtaí ar na punanna tagarmharcála sin go suntasach óna chéile.

6. Déanfaidh institiúid an tsamhail a chur faoi phróiseas bailíochtaithe atá léirithe go soiléir i mbeartais agus i nósanna imeachta na n-institiúidí. Maidir leis an bpróiseas bailíochtaithe:

(a) sonrófar an cineál tástála is gá chun sláine na samhla a áirithiú agus dálaí a aithint faoi nach leor na toimhdí a fholuíonn an tsamhail agus a bhféadfadh maolaisnéis i leith EPE a bheith mar thoradh orthu dá bhrí sin;

(b) áireofar athbhreithniú ar chuimsitheacht na samhla.

▼C2

7. Déanfaidh institiúid faireachán ar na priacail ábhartha agus beidh próisis i bhfeidhm aici chun a meastachán ar EPE iarbhír a choigeartú nuair a éiríonn na priacail sin suntasach. Déanfaidh an institiúid na nithe seo a leanas agus an mhír seo á comhlíonadh:

▼B

(a) a risíochtaí ar shainpriacal comhghaolmhaireachta a tharlaíonn a aithint agus a bhainistiú mar a shonraítear in Airteagal 291(1)(b) agus a risíochtaí ar priacal ginearálta comhghaolmhaireachta a tharlaíonn a aithint agus a bhainistiú mar a shonraítear in Airteagal 291(1)(a);

(b) maidir le risíochtaí lena mbaineann próifíl priacal atá ag dul i méid tar éis bliana amháin, déanfar comparáid ar bhonn rialta idir meastachán ar mhéid risíochta thar bhliain amháin leis an méid risíochta céanna thar shaolré na risíochta;

(c) maidir le risíochtaí a bhfuil aibíocht iarmhair níos lú ná aon bhliain amháin acu, déanfar comparáid ar bhonn rialta idir an costas athsholáthair (risíocht reatha) agus próifíl na risíochta réadaithe, agus déanfar sonraí a stóráil a cheadódh comparáid den sórt sin.

8. Beidh nósanna imeachta inmheánacha ag institiúid lena fhíorú, sula n-áireofar idirbheart i dtacar glanluachála, go bhfuil an t-idirbheart clúdaithe ag conradh glanluachála inchurtha i bhfeidhm le dlí lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach i Roinn 7.

9. Beidh nósanna imeachta inmheánacha ag institiúid a úsáideann comhthaobhacht chun a CCR a mhaolú lena fhíorú, sula ndéanfar éifeacht na comhthaobhachta ina ríomhanna a aithint, go gcomhlíonann an chomhthaobhacht na caighdeáin maidir le deimhneacht dhlíthiúil a leagtar amach i gCaibidil 4.

▼B

10. Déanfaidh ÚBE faireachán ar an raon cleachtas sa réimse seo agus, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, eiseoidh sé treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm an Airteagail seo.

*Airteagal 293*

**Ceanglais maidir leis an gcóras bainistíochta priacal**

1. Comhlíonfaidh institiúid na ceanglais seo a leanas:

(a) comhlíonfaidh sí na ceanglais cháilíochtúla a leagtar amach i gCuid 3, Teideal IV, Caibidil 5;

(b) déanfaidh sí clár rialta de chúltástáil, agus na bearta priacal a ghineann an tsamhail á gcur i gcomparáid le bearta priacal réadaithe, agus athruithe hipitéiseacha bunaithe ar shuímh statacha á gcur i gcomparáid le bearta réadaithe;

(c) déanfaidh sí bailíochtú tosaigh agus athbhreithniú tréimhsiúil leanúnach ar samhail na risíochta ar CCR agus ar na bearta priacal arna nginiúint léi. Beidh an bailíochtú agus an t-athbhreithniú neamhspleách ó fhorbairt na samhla;

(d) beidh baint ag comhlacht bainistíochta agus lucht bainistíochta sinsearaí leis an bpróiseas rialaithe priacal agus áiritheoidh siad go leithdháilfear dóthain acmhainní ar rialú creidmheasa agus rialú priacal creidmheasa contrapháirtithe. I dtaca leis sin, déanfar athbhreithniú ar na tuarascálacha laethúla arna n-ullmhú ag an aonad rialaithe creidmheasa neamhspleách arna bhunú de réir Airteagal 287(1)(a) ar leibhéal bainistíochta ag a mbeidh sinsearacht agus údarás imleor chun laghduithe i suímh a ghlacann trádálaithe aonair a fhorfheidhmiú chomh maith le laghduithe i risíocht fhoriomlán na hinstitiúide ar priacal;

(e) beidh an tsamhail inmheánach um thomhas risíochtaí ar priacal comhtháite go dlúth le próiseas laethúil um bainistiú priacal creidmheasa na hinstitiúide;

(f) bainfear úsáid as an gcóras chun priacal a thomhas in éineacht le teorainneacha inmheánacha maidir le trádáil agus le neamhchosaint. I dtaca leis sin, beidh baint ag teorainneacha risíochta le samhail tomhais priacal na hinstitiúide ar bhealach a bheidh comhsheasmhach thar am agus ar a mbeidh dea-thuiscint ag trádálaithe, an fheidhm chreidmheasa agus lucht bainistíochta sinsearaí;

(g) áiritheoidh institiúid go bhfuil a córas bainistíochta priacal doiciméadaithe go leormhaith. Go háirithe, déanfaidh sí tacar doiciméadaithe de bheartais, rialuithe agus nósanna imeachta inmheánacha a choinneáil a bhaineann le hoibriú an chórais tomhais priacal, chomh maith le socruithe chun a áirithiú go gcomhlíontar na beartais sin;

(h) déanfar athbhreithniú neamhspleách ar an gcóras tomhais priacal go rialta i bpróiseas iniúchta inmheánaigh na hinstitiúide. Áireofar leis an athbhreithniú sin gníomhaíochtaí na n-aonad trádála gnó agus an aonaid neamhspleáigh rialaithe priacal araon. Déanfar athbhreithniú ar an gcóras bainistithe priacal foriomlán ag eatraimh rialta (agus tráth nach lú ná uair amháin sa bhliain) agus tabharfar faoi na pointí go léir dá dtagraítear in Airteagal 288 go háirithe;

▼B

(i) déanfar athbhreithniú tréimhsiúil ar an mbailíochtú leanúnach ar shamhlacha priacal creidmheasa contrapháirtithe, lena n-áirítear cúltástáil, ar leibhéal bainistíochta ag a mbeidh údarás leormhaith chun aghaidh a thabhairt ar laigí sna samhlacha.

2. Cuirfidh údaráis inniúla an méid a chomhlíonann institiúid na ceanglais i mír 1 san áireamh agus an leibhéal alfa a shocrú acu, mar a leagtar amach in Airteagal 284(4). Is iad na hinstitiúidí sin a chomhlíonann na ceanglais sin go hiomlán, agus na hinstitiúidí sin amháin, a bheidh incháilithe chun an fachtóir iolrúcháin íosta a chur i bhfeidhm.

3. Déanfaidh institiúid an próiseas maidir le bailíochtú tosaigh agus bailíochtú leanúnach a samhala um risíocht CCR agus maidir le ríomh na mbeart priacal a ghineann na samhlacha a dhoiciméadú go leibhéal mionsonraithe a chuirfeadh ar chumas tríú páirtí na bearta anailíse agus priacal, faoi seach, a athchruthú. Leagfar amach sa doiciméadú sin an mhinicíocht lena ndéanfar anailísí cúltástála agus aon bhailíochtú leanúnach eile a fheidhmiú, an dóigh a ndéanfar an bailíochtú a fheidhmiú maidir le sreabha sonraí agus punanna agus na hanailísí a úsáidtear.

4. Déanfaidh institiúid critéir a shainiú lena ndéanfar samhlacha na risíochta ar CCR agus na samhlacha a thugann ionchur i ríomh na risíochta a mheasúnú agus déanfaidh sí beartas i scríbhinn a choinneáil lena gcuirtear síos ar an bpróiseas trína ndéanfar feidhmíocht mhíshásúil a aithint agus a leigheas.

5. Déanfaidh institiúid an dóigh ina ndéantar punanna contrapháirtithe ionadaíocha a chruthú a shainiú chun samhail na risíochta ar CCR agus a bearta priacal a bhailíochtú.

6. Déanfar níos mó ná staitistic amháin ó leithdháileadh réamhaisnéise a bhreathnú i mbailíochtú shamhlacha na risíochta ar CCR agus a mbearta priacal lena dtáirgtear leithdháiltí réamhaisnéise.

*Airteagal 294*

**Ceanglais bhailíochtaithe**

1. Mar chuid den bhailíochtú tosaigh agus leanúnach ar shamhail na risíochta ar CCR agus a bearta priacal, áiritheoidh institiúid go gcomhlíonfar na ceanglais seo a leanas:

(a) déanfaidh an institiúid cúltástáil ag úsáid sonraí stairiúla maidir le gluaiseachtaí i bhfachtóirí priacal an mhargaidh roimh an gcead ó na húdaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 283(1). Breithneofar roinnt tréimhsí ama um réamhaithrisí sainiúla sa chúltástáil chomh fada amach le haon bhliain ar a laghad, thar raon dátaí túsaithe éagsúla agus lena gcumhdaítear raon leathan dálaí sa mhargadh;

(b) déanfaidh an institiúid a úsáideann an cur chuige a leagtar amach i mír 12(b) d'Airteagal 284 bailíochtú rialta ar a samhail lena thástáil an bhfuil risíochtaí réadaithe reatha comhsheasmhach le réamhaisnéisí thar na tréimhsí corrlaigh ar fad laistigh d'aon bhliain. Má bhaineann aibíocht níos giorra ná aon bhliain le cuid de na trádálacha sa tacar glanluachála, agus má tá íogaireachtaí níos airde i dtaobh fachtóirí priacal ag an tacar glanluachála d'uireasa na dtrádálacha, cuirfear é seo san áireamh sa bhailíochtú;

▼B

(c) déanfaidh sí cúltástáil ar fheidhmíocht shamhail na risíochta ar CCR agus ar bhearta priacal ábhartha na samhla chomh maith leis na réamhaithrisí maidir le fachtóirí priacal margaidh. Maidir le trádálacha comhthaobhaithe, cuirfear ar áireamh leis na tréimhsí ama réamhaithrise na cinn lena léirítear tréimhsí tipiciúla corrlaigh priacal a chuirtear i bhfeidhm i dtrádáil chomhthaobhaithe nó faoi chumhdach corrlaigh;

(d) má léirítear le bailíochtú na samhla go bhfuil an EPE iarbhír gannmheasta, gníomhóidh an institiúid mar is gá chun aghaidh a thabhairt ar mhíchruinneas na samhla;

(e) déanfaidh sí tástáil ar na samhlacha praghsála a úsáidtear chun risíocht ar CCR a ríomh maidir le cás áirithe de shuaitheadh amach anseo d'fhachtóirí priacal margaidh mar chuid den phróiseas bailíochtaithe tosaigh agus leanúnach. Tabharfar fáthanna sna samhlacha praghsála le neamhlíneacht luacha rogha maidir le fachtóirí priacal margaidh;

(f) déanfar an fhaisnéis a bhaineann go sainiúil le hidirbhearta atá riachtanach le bheith in ann risíochtaí a chomhiomlánú ar leibhéal an tacair ghlanluachála a ghabháil le samhail na risíochta ar CCR. Deimhneoidh institiúid go ndéantar idirbhearta a shannadh don tacar glanluachála iomchuí laistigh den tsamhail;

(g) áireofar le samhail na risíochta ar CCR faisnéis a bhaineann go sainiúil le hidirbhearta chun éifeachtaí an tsocraithe corrlaigh a ghabháil. Cuirfear an méid corrlaigh reatha agus an corrlach a dhéanfaí a aistriú idir contrapháirtithe sa todhchaí araon san áireamh leis. Tabharfaidh samhail den sórt sin cuntas ar nádúr na gcomhaontuithe corrlaigh atá aontaobhach nó déthaobhach, ar mhinicíocht na nglaonna ar corrlaigh, an tréimhse corrlaigh faoi phriacal, íostairseach na risíochta nach bhfuil faoi chumhdach corrlaigh atá an institiúid toilteanach a ghlacadh, agus íosmhéid an aistrithe. Déanfar an t-athrú i leith marcáil ón margadh ar luach na comhthaobhachta a bhreactar a mheas le samhail den sórt sin nó cuirfear na rialacha a leagtar amach i gCaibidil 4 i bhfeidhm;

(h) áireofar le próiseas bailíochtaithe na samhla cúltástáil stairiúil statach ar phunanna contrapháirtithe ionadaíocha. Déanfaidh institiúid cúltástáil den sórt sin ar roinnt punann contrapháirtithe ionadaíocha atá iarbhír nó hipitéiseach ag eatraimh rialta. Roghnófar na punanna ionadaíocha sin ar bhonn a n-íogaireachta maidir leis na fachtóirí priacal ábhartha agus meascán de na fachtóirí priacal ar a bhfuil an institiúid ar ris;

(i) déanfaidh institiúid cúltástáil atá deartha chun tástáil a dhéanamh ar phríomhthoimhdí shamhail na risíochta ar CCR agus ar na bearta priacal ábhartha, lena n-áirítear an caidreamh samhaltaithe idir éirimí an fhachtóra priacal chéanna, agus na caidrimh shamhaltaithe idir na fachtóirí priacal;

(j) beidh feidhmíocht shamhlacha na risíochta ar CCR agus a bearta priacal faoi réir ag cleachtas cúltástála iomchuí. Beidh an clár cúltástála in ann tearcfheidhmíocht i mbearta priacal na samhla EPE a aithint;

▼B

(k) déanfaidh institiúid samhlacha na risíochta ar CCR agus na bearta priacal uile a bhailíochtú chomh fada amach le tréimhsí ama ar cóimhéid le haibíocht na dtrádálacha atá cumhdaithe ag an tarscaoileadh IMM i gcomhréir le hAirteagal 283;

(l) déanfaidh institiúid tástáil rialta ar na samhlacha praghsála a úsáidtear chun risíocht contrapháirtithe a ríomh i gcoinne tagarmharcanna neamhspleácha iomchuí mar chuid den phróiseas leanúnach ar bhailíochtú na samhla;

(m) áireofar measúnú ar leorgacht na feidhmíochta is déanaí sa bhailíochtú leanúnach ar shamhail na risíochta ar CCR atá ag an institiúid agus na bearta priacal ábhartha;

(n) déanfaidh institiúid measúnú ar an minicíocht lena ndéantar paraiméadair shamhail na risíochta ar CCR a nuashonrú mar chuid den phróiseas ar bhailíochtú tosaigh agus leanúnach;

(o) déanfar measúnú leis an mbailíochtú tosaigh agus leanúnach ar cibé acu atá ríomhanna na risíochta maidir le leibhéal an chontrapháirtí agus an tacair ghlanluachála iomchuí nó nach bhfuil.

2. Féadfar beart a úsáid atá níos coimeádaí ná an méadrach a úsáidtear chun luach na risíochta rialála a ríomh maidir le gach contrapháirtí in áit an alfa arna iolrú ag an EPE iarbhír le cead roimh ré ó na húdaráis inniúla. Déanfar méid an choimeádachais ábhartha a mheasúnú ach faomhadh tosaigh a fháil ó na húdaráis inniúla agus le linn na n-athbhreithnithe maoirseachta rialta ar shamhlacha EPE. Déanfaidh institiúid an coimeádachas a bhailíochtú go rialta. Clúdófar na contrapháirtithe uile dá n-úsáidtear na samhlacha sa mheasúnú leanúnach ar fheidhmíocht na samhla.

3. Má léirítear le cúltástáil nach bhfuil samhail beacht go leor, déanfaidh na húdaráis inniúla a gcead i leith na samhla a aisghairm, nó déanfaidh siad bearta iomchuí a fhorchur lena áirithiú go ndéanfar an tsamhail a fheabhsú go pras.

## Roinn 7

## Glanluacháil chonarthach

*Airteagal 295*

**Glanluacháil chonarthach a aithint mar laghdú priacal**

Ní fhéadfaidh institiúidí a láimhseáil mar laghdú priacal i gcomhréir le hAirteagal 298 ach na cineálacha comhaontuithe seo a leanas a bhaineann le glanluacháil chonarthach i gcás ina bhfuil an comhaontú glanluachála aitheanta ag na húdaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 296 agus i gcás ina gcomhlíonann an institiúid na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 297:

▼B

(a) conarthaí déthaobhacha le haghaidh nuachana idir institiúid agus a contrapháirtí faoina ndéantar éilimh agus oibleagáidí frithpháirteacha a chónascadh go huathoibríoch ar bhealach ina ndéantar aon mhéid aonair glan a shocrú leis an nuachan gach uair atá sé infheidhme chun conradh singil nua a chruthú a chuirtear in áit na gconarthaí agus na n-oibleagáidí uile roimhe sin idir páirtithe de bhun na gconarthaí sin agus tá sé ceangailteach ar na páirtithe;

(b) comhaontuithe déthaobhacha eile idir institiúid agus a contrapháirtí;

(c) comhaontuithe glanluachála trastáirgí conarthacha maidir le hinstitiúidí a bhfuil cead faighte acu an modh a leagtar amach i Roinn 6 a úsáid i dtaca le hidirbhearta lasmuigh de raon feidhme an mhodha sin. Déanfaidh na húdaráis inniúla liosta de na comhaontuithe glanluachála trastáirgí conarthacha a formheasadh a thuairisciú do ÚBE.

Ní dhéanfar glanluacháil thar idirbhearta a dhéanann eintitis dhlíthiúla éagsúla i ngrúpa a aithint ar mhaithe leis na ceanglais cistí dílse a ríomh.

*Airteagal 296*

**Comhaontuithe glanluachála conarthacha a aithint**

1. Ní dhéanfaidh údaráis inniúla comhaontú glanluachála conarthach a aithint ach amháin i gcas ina gcomhlíontar na coinníollacha i mír 2 agus i gcás inarb ábhartha, i mír 3.

2. Comhlíonfaidh gach comhaontú glanluachála conarthach na coinníollacha uile a leanas a úsáideann institiúid ar mhaithe le luach na risíochta a chinneadh sa Chuid seo:

(a) thug an institiúid comhaontú glanluachála conarthach i gcrích lena contrapháirtí lena gcruthaítear oibleagáid dhlíthiúil aonair, lena gcumhdaítear gach idirbheart atá ar áireamh, ionas go mbeadh sí i dteideal, i gcás mainneachtana ar thaobh an chontrapháirtí, an tsuim ghlan amháin de luachanna deimhneacha agus diúltacha maidir le marcáil ón margadh idirbheart aonair atá ar áireamh a fháil nó iad a íoc;

(b) chuir an institiúid tuairimí dlíthiúla réasúnaithe i scríbhinn ar fáil do na húdaráis inniúla ionas nach mbeadh éilimh ná oibleagáidí na hinstitiúide níos mó ná na héilimh agus na hoibleagáidí sin dá dtagraítear i bpointe (a), i gcás ina ndéanfaí agóid dhlíthiúil i gcoinne an chomhaontaithe ghlanluachála. Déanfar tagairt don dlí is infheidhme sa tuairim dhlíthiúil:

(i) an dlínse ina bhfuil an contrapháirtí corpraithe;

(ii) má tá baint ag brainse gnóthais leis, atá suite i dtír eile seachas an tír ina bhfuil an gnóthas corpraithe, an dlínse ina bhfuil an brainse suite;

(iii) an dlínse ina ndéantar na hidirbhearta aonair atá ar áireamh sa chomhaontú glanluachála a rialú lena dlí;

▼B

(iv) an dlínse ina ndéantar aon chonradh nó comhaontú a rialú lena dlí atá riachtanach chun an ghlanluacháil chonarthach a chur i gcrích;

(c) déantar an bpriacal creidmheasa i leith gach contrapháirtí a chomhiomlánú chun risíocht dhlíthiúil aonair a chruthú thar idirbhearta le gach contrapháirtí. Déanfar an comhiomlánú sin a fhachtóiriú idir cuspóirí teorann creidmheasa agus cuspóirí caipitil inmheánaigh;

(d) ní bheidh aon chlásal sa chonradh lena dtugtar cead, i gcás mainneachtana ar thaobh contrapháirtí, do chontrapháirtí neamh-mhainneachtana íocaíochtaí teoranta amháin a dhéanamh, nó gan íocaíochtaí ar bith a dhéanamh, le heastát an pháirtí mainneachtana, fiú má tá an páirtí mainneachtana ina ghlanchreidiúnaí (i.e. clásáil tréigthe).

Mura bhfuil ceann ar bith de na húdaráis inniúla sásta go bhfuil an ghlanluacháil chonarthach bailí go dlíthiúil agus infhorghníomhaithe faoi dhlí gach dlínse dá dtagraítear i bpointe (b) ní dhéanfar an comhaontú glanluachála conarthach a aithint mar laghdú priacal maidir le ceachtar de na contrapháirtithe. Cuirfidh údaráis inniúla é sin in iúl dá chéile dá réir sin.

3. Féadfar na tuairimí dlíthiúla dá dtagraítear i bpointe (b) a tharraingt suas trí thagairt do chineálacha glanluachála conarthaí. Comhlíonfaidh comhaontuithe glanluachála trastáirge conarthacha na coinníollacha breise seo a leanas:

(a) is í an tsuim ghlan dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo an tsuim ghlan de na luachanna imréitigh deimhneacha agus diúltacha d'aon mháistir-chomhaontú déthaobhach aonair atá ar áireamh agus de luach deimhneach agus diúltach um marcáil ón margadh na n-idirbheart aonair (an 'Méid Glan Trastáirge');

(b) na tuairimí dlíthiúla dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo, tabharfar eolas ar bhailíocht agus ar infhorghníomhacht an chomhaontaithe glanluachála trastáirgí chonarthaigh iomláin faoina théarmaí agus ar thionchar an chomhaontaithe glanluachála ar fhorálacha ábhartha atá in aon mháistir-chomhaontú déthaobhach aonair atá ar áireamh.

*Airteagal 297*

**Oibleagáidí na n-institiúidí**

1. Déanfaidh institiúid nósanna imeachta a bhunú agus a choimeád ar bun lena áirithiú go ndéantar athbhreithniú ar bhailíocht dhlíthiúil agus ar infhorghníomhacht a glanluachála conarthaí ag féachaint d'athruithe ar dhlí na ndlínsí ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 296(2)(b).

2. Déanfaidh an institiúid an doiciméadacht riachtanach uile a bhaineann lena glanluacháil chonarthach a choinneáil ina comhaid.

3. Cuirfidh an institiúid éifeachtaí na glanluachála isteach mar fhachtóir ina tomhas ar risíocht chomhiomlán ar priacal creidmheasa gach contrapháirtí agus déanfaidh an institiúid an CCR a bhainistiú ar bhonn éifeachtaí an tomhais sin.

▼B

4. I gcás na gcomhaontuithe glanluachála trastáirge conarthacha dá dtagraítear in Airteagal 295, déanfaidh an institiúid nósanna imeachta a choinneáil faoi Airteagal 296(2)(c) chun a fhíorú go bhfuil aon idirbheart atá le háireamh sa tacar glanluachála clúdaithe ag tuairim dhlíthiúil dá dtagraítear in Airteagal 296(2)(b).

Agus an comhaontú glanluachála trastáirgí á chur san áireamh, leanfaidh an institiúid de bheith ag comhlíonadh na gceanglas maidir le glanluacháil dhéthaobhach a aithint agus ceanglais Chaibidil 4 maidir le maolú priacal creidmheasa a aithint, de réir mar is infheidhme, maidir le gach máistir-chomhaontú déthaobhach aonair agus idirbheart atá ar áireamh.

▼M8

*Airteagal 298*

**Na héifeachtaí a bhaineann le glanluacháil mar rud a laghdaíonn priacal a aithint**

Déanfar glanluacháil chun críocha Roinn 3 go Roinn 6 a aithint mar a leagtar amach sna Ranna sin.

▼B

Roinn 8

**Ítimí sa leabhar trádála**

*Airteagal 299*

**Ítimí sa leabhar trádála**

1. D'fhonn an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm, beidh tagairt in Iarscríbhinn II d'ionstraimí díorthacha le haghaidh priacal creidmheasa a aistriú mar atá luaite i bpointe (8) Roinn C d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/39/CE.

2. Agus méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal á ríomh maidir le priacal contrapháirtí i dtaca le hítimí sa leabhar trádála, comhlíonfaidh institiúidí na prionsabail seo a leanas:

▼M8

__________

▼B

(b) ní bhainfidh institiúidí úsáid as an Modh Simplí Comhthaobhach Airgeadais atá leagtha amach in Airteagal 222 chun éifeachtaí na comhthaobhachta airgeadais a aithint;

(c) i gcás idirbheart athcheannaigh agus idirbheart iasachtaithe nó iasachtaíochta i leith urrús nó tráchtearraí a chuirtear sa leabhar trádála, féadfaidh institiúidí na hionstraimí airgeadais agus tráchtearraí uile a aithint mar chomhthaobhacht incháilithe atá le cur san áireamh sa leabhar trádála;

▼B

(d) maidir le risíochtaí a thagann as ionstraimí díorthacha thar an gcuntar arna gcur sa leabhar trádála, féadfaidh institiúidí tráchtearraí atá incháilithe a áireamh sa leabhar trádála a aithint mar chomhthaobhacht incháilithe;

(e) chun críocha coigeartuithe luaineachta a ríomh i gcás ina ndéantar ionstraimí airgeadais nó tráchtearraí den sórt sin nach bhfuil incháilithe faoi Chaibidil 4 a thabhairt ar iasacht, a dhíol nó a sholáthar, nó a fháil ar iasacht, a cheannach nó a fháil trí chomhthaobhacht nó trí mheán eile faoina leithéid d'idirbheart, agus nuair a úsáideann institiúid cur chuige na gcoigeartuithe luaineachta maoirseachta faoi Roinn 3 de Chaibidil 4, déanfaidh institiúidí ionstraimí agus tráchtearraí den sórt sin a láimhseáil ar an mbealach céanna agus a láimhseálann siad cothromas neamhphríomhinnéacs ar mhalartán aitheanta;

(f) i gcás ina bhfuil institiúid ag úsáid an cur chuige bunaithe ar a meastacháin féin de choigeartuithe luaineachta faoi Roinn 3 de Chaibidil 4 maidir le hionstraimí airgeadais nó tráchtearraí nach bhfuil incháilithe faoi Chaibidil 4, ríomhfaidh sí coigeartuithe luaineachta do gach ítim ar leith. I gcás go bhfuil cead faighte ag institiúid Modh na Samhlacha Inmheánacha arna shainiú i gCaibidil 4 a úsáid, féadfaidh sí an cur chuige sin a chur i bhfeidhm sa leabhar trádála;

(g) maidir le máistir-chomhaontuithe glanluachála a aithint ina gcuimsítear idirbhearta athcheannaigh nó idirbhearta iasachtaithe nó iasachtaíochta i leith urrús nó tráchtearraí nó idirbhearta caipitil eile atá faoi thionchar an mhargaidh, ní aithneoidh institiúidí ach glanluacháil thar shuímh sa leabhar trádála agus sa leabhar neamhthrádála nuair a chomhlíonann na hidirbhearta glanluacháilte na coinníollacha seo a leanas:

(i) déantar gach idirbheart a mharcáil ón margadh ar bhonn laethúil;

(ii) féadfar aon ítimí a fhaightear ar iasacht, a cheannaítear nó a fhaightear faoi na hidirbhearta a aithint mar chomhthaobhacht airgeadais incháilithe faoi Chaibidil 4 gan pointí (c) go (f) den mhír seo a chur i bhfeidhm;

(h) i gcás gur cuid d'fhálú inmheánach é díorthach creidmheasa atá ar áireamh sa leabhar trádála agus go n-aithnítear an chosaint chreidmheasa faoin Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 204, cuirfidh institiúidí ceann amháin de na modhanna seo a leanas i bhfeidhm:

(i) láimhseálfaidh siad é amhail is nár thig aon priacal contrapháirtí ón suíomh sa díorthach creidmheasa sin;

(ii) chun na ceanglais cistí dílse a ríomh maidir le priacal creidmheasa contrapháirtí, cuirfidh siad ar áireamh go comhsheasmhach na díorthaigh chreidmheasa go léir atá sa leabhar trádála agus atá ina gcuid d'fhálú inmheánach nó a ceannaíodh mar chosaint i gcoinne risíochta ar CCR sa chás go bhfuil an chosaint chreidmheasa aitheanta mar chosaint incháilithe faoi Chaibidil 4.

▼B

Roinn 9

**Ceanglais cistí dílse maidir le risíochtaí ar chontrapháirtí lárnach**

*Airteagal 300*

**Sainmhínithe**

▼M8

Chun críocha na Roinne seo agus Chuid a Seacht, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

▼B

(1) ciallaíonn 'gan baint le féimheacht', maidir le sócmhainní cliant, go bhfuil socruithe éifeachtacha i bhfeidhm lena n-áirithítear nach mbeidh na sócmhainní sin ar fáil do chreidiúnaithe contrapháirtí lárnaigh nó chomhalta imréitigh i gcás dhócmhainneacht an chontrapháirtí lárnaigh nó an chomhalta imréitigh sin faoi seach nó nach mbeidh na sócmhainní ar fáil don comhalta imréitigh chun caillteanais a chumhdach a thabhaigh sé i ndiaidh mhainneachtain cliaint nó cliant seachas iad siúd a chuir na sócmhainní sin ar fáil;

(2) ciallaíonn 'idirbheart a bhaineann le contrapháirtí lárnach' conradh nó idirbheart atá liostaithe in Airteagal 301(1) idir cliant agus comhalta imréitigh a bhaineann go díreach le conradh nó idirbheart atá liostaithe sa mhír sin idir an comhalta imréitigh sin agus contrapháirtí lárnach;

(3) ciallaíonn 'comhalta imréitigh' comhalta imréitigh mar atá sainmhínithe i bpointe (14) d'Airteagal 2 de Rialachán(AE) Uimhir 648/2012

(4) ciallaíonn 'cliant' cliant mar atá sainmhínithe i bpointe (15) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimhir 648/2012 nó gnóthás a bhfuil socruithe imréitigh indíreacha bunaithe acu le comhalta imréitigh, i gcomhréir le hAirteagal 4(3) den Rialachán sin;

▼M8

(5) ciallaíonn 'idirbheart airgid' idirbheart in airgead tirim, ionstraimí fiachais nó cothromais, spot-idirbheart malairte eachtraí nó spot-idirbheart tráchtearraí; ach ní idirbhearta airgid iad idirbhearta athcheannaigh agus idirbhearta iasachtaithe nó iasachtaíochta i leith urrús nó tráchtearraí;

(6) ciallaíonn 'socrú imréitigh indíreach' socrú a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach sa dara fomhír d'Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;

(7) ciallaíonn 'cliant ar leibhéal níos airde' eintiteas a chuireann seirbhísí imréitigh ar fáil do chliant ar leibhéal níos ísle;

(8) ciallaíonn 'cliant ar leibhéal níos ísle' eintiteas a bhfuil rochtain ar sheirbhísí contrapháirtí lárnaigh á fáil aige trí bhíthin cliant ar leibhéal níos airde;

(9) ciallaíonn 'struchtúr cliant il-leibhéil' socrú imréitigh indíreach faoina gcuireann eintiteas nach comhalta imréitigh é ach ar cliant de chuid comhalta imréitigh nó de chuid cliant ar leibhéal níos airde é, faoina gcuireann sé seirbhísí imréitigh ar fáil d'institiúid;

(10) ciallaíonn 'ranníocaíocht neamhchistithe le ciste mainneachtana' ranníocaíocht a gheallann institiúid a ghníomhaíonn mar chomhalta imréitigh go conarthach a sholáthar do chontrapháirtí lárnach tar éis don chontrapháirtí lárnach a chiste mainneachtana a ídiú chun caillteanais a chumhdach a thabhaigh sé tar éis mainneachtain ceann amháin nó níos mó dá chomhaltaí imréitigh;

▼M8

(11) ciallaíonn 'idirbheart iasachtaithe nó iasachtaíochta i leith taiscí lánráthaithe' idirbheart margaidh i leith airgead lánchomhthaobhaithe ina malartaíonn beirt chontrapháirtithe taiscí le chéile agus ina n-idirchuireann contrapháirtí é féin eatarthu chun comhlíonadh oibleagáidí íocaíochta na gcontrapháirtithe sin a áirithiú.

*Airteagal 301*

**Raon feidhme ábhartha**

1. Baineann an Roinn seo leis na conarthaí agus na hidirbhearta seo a leanas fad agus atá siad gan réiteach le contrapháirtí lárnach:

(a) na conarthaí díorthacha a liostaítear in Iarscríbhinn II agus díorthaigh chreidmheasa;

(b) idirbhearta um maoiniú urrús agus idirbhearta iasachtaithe nó iasachtaíochta i leith taiscí lánráthaithe; agus

(c) idirbhearta socraíochta iarchurtha.

Níl feidhm ag an Roinn seo maidir le risíochtaí a thagann as socraíocht idirbheart airgid. Cuirfidh institiúidí an láimhseáil a leagtar síos i dTeideal V i bhfeidhm ar risíochtaí trádála a thagann as na hidirbhearta sin agus cuirfidh siad ualú priacail 0 % i bhfeidhm ar na ranníocaíochtaí le ciste mainneachtana a chumhdaíonn na hidirbhearta réamhráite agus iad sin amháin. Cuirfidh institiúidí an láimhseáil a leagtar síos in Airteagal 307 i bhfeidhm ar na ranníocaíochtaí le ciste mainneachtana a chumhdaíonn aon cheann de na conarthaí a liostaítear sa chéad fhomhír den mhír seo sa bhreis ar idirbhearta airgid.

2. Chun críocha na Roinne seo, beidh feidhm ag na ceanglais seo a leanas:

(a) ní áireofar sa chorrlach tosaigh ranníocaíochtaí le contrapháirtí lárnach le haghaidh socruithe roinnte caillteanas;

(b) áireofar sa chorrlach tosaigh comhthaobhacht arna taisceadh ag institiúid atá ag gníomhú mar chomhalta imréitigh nó ag cliant sa bhreis ar an íosmhéid a theastaíonn ón gcontrapháirtí lárnach nó ón institiúid atá ag gníomhú mar chomhalta imréitigh faoi seach, ar choinníoll go bhféadfaidh an contrapháirtí lárnach sin nó an institiúid sin, nuair is iomchuí, cosc a chur ar an institiúid atá ag gníomhú mar chomhalta imréitigh nó ar an gcliant an chomhthaobhacht bhreise sin a aistarraingt;

(c) i gcás ina n-úsáideann contrapháirtí lárnach corrlach tosaigh chun caillteanais a fhrithpháirtiú i measc a chomhaltaí imréitigh, féadfaidh institiúidí a ghníomhaíonn mar chomhaltaí imréitigh an corrlach tosaigh sin a láimhseáil mar ranníocaíocht le ciste mainneachtana.

▼B

*Airteagal 302*

**Faireachán a dhéanamh ar risíochtaí contrapháirtithe lárnacha**

1. Déanfaidh institiúidí faireachán ar a risíochtaí uile ar chontrapháirtithe lárnacha agus leagfaidh siad síos nósanna imeachta maidir le faisnéis a thuairisciú go rialta maidir leis na risíochtaí sin dá lucht bainistíochta sinsearaí agus do choiste iomchuí nó do choistí iomchuí an chomhlachta bainistíochta.

▼M8

2. Maidir le leibhéal na gcistí dílse atá á sealbhú i gcoinne risíochtaí ar chontrapháirtí lárnach, lena náirítear risíochtaí féideartha todhchaíocha nó risíochtaí creidmheasa teagmhasacha, risíochtaí ar ranníocaíochtaí le ciste mainneachtana agus, nuair atá an institiúid ag gníomhú mar chomhalta imréitigh, risíochtaí ar toradh iad ar shocruithe conarthacha a leagtar síos in Airteagal 304, déanfaidh institiúidí a mheas, trí anailís iomchuí ar chnámha an scéil a dhéanamh agus trí bhearta tástála struis, an leor iad le cois na priacail is gné dhílis de na risíochtaí sin.

*Airteagal 303*

**Risíochtaí na gcomhaltaí imréitigh ar chontrapháirtithe lárnacha a láimhseáil**

1. I gcás ina ngníomhaíonn institiúid mar chomhalta imréitigh, chun a críocha féin nó mar idirghabhálaí airgeadais idir cliant agus contrapháirtí lárnach, ríomhfaidh sí na ceanglais cistí dílse dá risíochtaí ar chontrapháirtí lárnach i gcomhréir le hAirteagail 301 (2) agus (3).

▼C2

___

▼B

*Airteagal 304*

**Risíochtaí na gcomhaltaí imréitigh ar chliaint a láimhseáil**

▼M8

1. Institiúid a ghníomhaíonn mar chomhalta imréitigh, agus sa cháil sin, a ghníomhaíonn mar idirghabhálaí airgeadais idir cliant agus contrapháirtí lárnach, déanfaidh sí na ceanglais cistí dílse a ríomh do na hidirbhearta sin dá chuid a bhaineann le contrapháirtí lárnach leis an gcliant sin i gcomhréir le Roinn 1 go Roinn 8 den Chaibidil seo, le Roinn 4 de Chaibidil 4 den Teideal seo agus le Teideal VI, de réir mar is infheidhme.

▼B

2. I gcás ina ndéanann institiúid a ghníomhaíonn mar chomhalta imréitigh socrú conarthach le cliant comhalta imréitigh eile lena n-éascaítear, i gcomhréir le hAirteagal 48(5) agus (6) de Rialachán (AE) Uimhir 648/2012, aistriú suíomh agus comhthaobhachta dá dtagraítear in Airteagal 305(2),(b) den Rialachán sin don chliant sin, agus go mbíonn oibleagáid theagmhasach don institiúid mar bharr ar an gcomhaontú conarthach sin féadfaidh an institiúid sin luach risíochta nialais a shannadh don oibleagáid theagmhasach sin.

▼M8

3. I gcás ina n-úsáideann institiúid atá ag gníomhú mar chomhalta imréitigh na modhanna a leagtar amach i Roinn 3 nó i Roinn 6 den Chaibidil seo chun a ceanglais cistí dílse le haghaidh a risíochtaí a ríomh, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

▼M8

(a) de mhaolú ar Airteagal 285(2), féadfaidh an institiúid leas a bhaint as tréimhse corrlaigh faoi phriacail a mhairfidh cúig lá oibre ar a laghad le haghaidh a risíochtaí ar chliant;

(b) cuirfidh an institiúid tréimhse corrlaigh faoi phriacail i bhfeidhm a mhairfidh 10 lá oibre ar a laghad le haghaidh a risíochtaí ar chontrapháirtí lárnach;

(c) de mhaolú ar Airteagal 285(3), i gcás ina gcomhlíonann tacar glanluachála atá ar áireamh sa ríomh na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (a) den mhír sin, féadfaidh an institiúid neamhaird a thabhairt ar an teorainn a leagtar amach sa phointe sin, ar choinníoll nach gcomhlíonann an tacar glanluachála an coinníoll a leagtar amach i bpointe (b) den mhír sin agus nach bhfuil aon trádálacha ná céadroghanna coimhthíocha iontu ar ábhar díospóide iad;

(d) i gcás ina gcoimeádann contrapháirtí lárnach corrlach athrúcháin i gcoinne idirbhirt agus nach ndéantar comhthaobhacht na hinstitiúide a chosaint ar dhócmhainneacht an chontrapháirtí lárnaigh, cuirfidh an institiúid tréimhse corrlaigh priacail i bhfeidhm arb ionann í agus aon bhliain amháin nó aibíocht iarmhair an idirbhirt, cibé acu is ísle, agus íosráta 10 lá gnó i gceist.

4. De mhaolú ar phointe (i) d'Airteagal 281(2), i gcás ina n-úsáideann institiúid a ghníomhaíonn mar chomhalta imréitigh na modhanna a leagtar amach i Roinn 4 chun a ceanglais cistí dílse le haghaidh a risíochtaí maidir le cliant a ríomh, féadfaidh an institiúid fachtóir aibíochta 0,21 a úsáid le haghaidh a ríomha.

5. De mhaolú ar phointe (d) d'Airteagal 282(4), i gcás ina n-úsáideann institiúid atá ag gníomhú mar chomhalta imréitigh na modhanna a leagtar amach i Roinn 5 chun a ceanglais cistí dílse le haghaidh a risíochtaí a ríomh, féadfaidh an institiúid sin fachtóir aibíochta 0,21 a úsáid le haghaidh an ríomha sin.

6. Féadfaidh institiúid a ghníomhaíonn mar chomhalta imréitigh úsáid a dhéanamh den risíocht laghdaithe tráth na mainneachtana a thagann as na ríomhanna a leagtar amach i mír 3, i mír 4 agus i mír 5 chun críocha a gceanglais cistí dílse le haghaidh priacal CVA a ríomh i gcomhréir le Teideal VI.

7. Institiúid a ghníomhaíonn mar chomhalta imréitigh a bhailíonn comhthaobhacht ó chliant d'idirbheart a bhaineann le contrapháirtí lárnach agus a chuireann an chomhthaobhacht ar aghaidh chuig an gcontrapháirtí lárnach, féadfaidh sí an chomhthaobhacht sin a aithint chun a risíocht ar an gcliant a laghdú i dtaca leis an idirbheart sin a bhaineann le contrapháirtí lárnach.

I gcás struchtúr cliant il-leibhéil, féadfar an láimhseáil a leagtar amach sa chéad fhomhír a chur i bhfeidhm ar gach leibhéal den struchtúr sin.

▼B

*Airteagal 305*

**Risíochtaí na gcliant a láimhseáil**

▼M8

1. Ríomhfaidh institiúid ar cliant í na ceanglais cistí dílse do na hidirbhearta dá cuid a bhaineann le contrapháirtí lárnach lena comhalta imréitigh i gcomhréir le Roinn 1 go Roinn 8 den Chaibidil seo, le Roinn 4 de Chaibidil 4 den Teideal seo agus le Teideal VI, de réir mar is infheidhme.

▼B

2. Gan dochar don chur chuige atá sonraithe i mír 1, i gcás gur cliant í an institiúid, féadfaidh sí na ceanglais cistí dílse dá risíochtaí trádála d'idirbhearta a bhaineann le contrapháirtí lárnach lena comhalta imréitigh a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 306 ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) tá suímh agus sócmhainní na hinstitiúide sin a bhaineann leis na hidirbhearta sin idirdhealaithe agus leithscartha, ar leibhéal an chomhalta imréitigh agus an chontrapháirtí lárnaigh araon, ó shuímh agus sócmhainní an chomhalta imréitigh agus chliaint eile an chomhalta imréitigh sin agus mar gheall ar an idirdhealú sin agus an leithscaradh sin níl baint ag na suímh agus sócmhainní sin le féimheacht i gcás mhainneachtain nó dhócmhainneacht an chomhalta imréitigh nó duine amháin nó níos mó dá chliaint eile;

(b) éascaítear le dlíthe, rialacháin, rialacha agus socruithe conarthacha is infheidhme maidir leis an institiúid sin nó leis an gcontrapháirtí lárnach atá ceangailteach orthu, go ndéanfar suímh an chliaint a bhaineann leis na conarthaí agus idirbhearta sin agus an chomhthaobhacht chomhfhreagrach a aistriú chuig comhalta imréitigh eile laistigh den tréimhse corrlaigh is infheidhme faoi phriacal i gcás dhócmhainneacht nó mhainneachtain an chontrapháirtí lárnaigh nó an chomhalta imréitigh bhunaidh. In imthosca mar sin, déanfar suímh agus comhthaobhacht an chliaint a aistriú ag luach an mhargaidh mura n-iarrann an cliant go ndéanfaí an suíomh a shocrú ar luach an mhargaidh;

▼M8

(c) tá athbhreithniú dlíthiúil leordhóthanach déanta ag an gcliant, ar athbhreithniú é atá cothrom le dáta, a chruthaíonn go bhfuil na socruithe lena n-áirithítear comhlíonadh an choinníll atá leagtha amach i bpointe (b), go bhfuil siad dlíthiúil, bailí, ceangailteach agus infhorfheidhmithe faoi dhlíthe ábhartha na dlínse nó na ndlínsí ábhartha;

▼B

(d) is contrapháirtí lárnach cáilitheach é an contrapháirtí lárnach.

▼M8

I gcás ina ndéanann an institiúid measúnú ar an gcaoi a bhfuil an coinníoll i bpointe (b) den chéad fhomhír á chomhlíonadh aici, féadfaidh institiúid aon fhasaigh shoiléire i ndáil le haistrithe suíomhanna cliant agus le comhthaobhacht chomhfhreagrach chuig contrapháirtí lárnach a chur san áireamh, maille le haon rún sa tionscal leanúint den chleachtas seo.

3. De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo, i gcás nach gcomhlíonann institiúid ar cliant í an coinníoll a leagtar amach i bpointe (a) den mhír sin toisc nach gcosnaítear an institiúid sin ar chaillteanais i gcás ina gcómhainneachtaíonn an comhalta imréitigh agus cliant eile de chuid an chomhalta imréitigh, ar choinníoll go bhfuil na coinníollacha uile eile a leagtar amach i bpointí (a) go (d) den mhír sin á gcomhlíonadh, féadfaidh an institiúid na ceanglais cistí dílse dá risíochtaí trádála ar idirbhearta a bhaineann le contrapháirtí lárnach lena comhalta imréitigh a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 306, faoi réir ualú priacail 4 % a chur in ionad an ualaithe phriacail 2 % a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 306(1).

▼M8

4. I gcás struchtúr cliant il-leibhéil, ní fhéadfaidh institiúid ar cliant ar leibhéal níos ísle í a bhfuil rochtain ar sheirbhísí contrapháirtí lárnaigh á fáil aici trí bhíthin cliant ar leibhéal níos airde, ní fhéadfaidh sí an láimhseáil a leagtar amach i mír 2 nó i mír 3 a chur i bhfeidhm ach amháin i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach iontu ar gach leibhéal den struchtúr sin.

▼B

*Airteagal 306*

**Ceanglais cistí dílse maidir le risíochtaí trádála**

1. Cuirfidh institiúid an láimhseáil a leanas i bhfeidhm ar a risíochtaí trádála ar chontrapháirtithe lárnacha:

(a) cuirfidh sí ualú priacal 2 % i bhfeidhm maidir le luachanna risíochta a risíochtaí trádála uile le contrapháirtithe lárnacha cáilitheacha;

(b) cuirfidh sí i bhfeidhm an t-ualú priacal a úsáidtear don Chur chuige Caighdeánaithe maidir le priacal creidmheasa a leagtar amach in Airteagal 107(2)(b) ar a risíochtaí trádála uile le contrapháirtithe lárnacha neamhcháilitheacha.

▼M8

(c) i gcás ina bhfuil institiúid ag gníomhú mar idirghabhálaí airgeadais idir cliant agus contrapháirtí lárnach agus go bhforálann téarmaí an idirbhirt a bhaineann leis an gcontrapháirtí lárnach nach bhfuil sé de cheangal ar an institiúid an cliant a aisíoc as aon chaillteanas a bhain dó de thoradh athruithe ar luach an idirbhirt sin má mhainníonn an contrapháirtí lárnach, féadfaidh an institiúid sin luach risíochta na risíochta trádála ar an gcontrapháirtí lárnach a chomhfhreagraíonn don idirbheart sin a bhaineann le contrapháirtí lárnach, féadfaidh sí an luach sin a shocrú ag nialas;

(d) i gcás ina bhfuil institiúid ag gníomhú mar idirghabhálaí airgeadais idir cliant agus contrapháirtí lárnach, agus go bhforálann téarmaí an idirbhirt a bhaineann leis an gcontrapháirtí lárnach go bhfuil sé de cheangal ar an institiúid an cliant a aisíoc as aon chaillteanas a bhain dó de thoradh athruithe ar luach an idirbhirt sin má mhainníonn an contrapháirtí lárnach, féadfaidh an institiúid sin an láimhseáil i bpointe (a) nó i bpointe (b), de réir mar is infheidhme, a chur i bhfeidhm ar an risíocht trádála ar an gcontrapháirtí lárnach a chomhfhreagraíonn don idirbheart sin a bhaineann le contrapháirtí lárnach.

2. De mhaolú ar mhír 1, i gcás ina bhfuil sócmhainní a bhreactar mar chomhthaobhacht do chontrapháirtí lárnach nó do chomhalta imréitigh neamhbhainteach le féimheacht i gcás ina n-éireoidh an contrapháirtí lárnach, an comhalta imréitigh nó duine amháin nó níos mó de na cliaint eile dócmhainneach, féadfaidh institiúid luach risíochta nialais a shannadh do risíochtaí priacail creidmheasa contrapháirtithe maidir leis na sócmhainní sin.

▼M8

3. Ríomhfaidh institiúid luachanna risíochta a risíochtaí trádála ar chontrapháirtí lárnach i gcomhréir le Roinn 1 go Roinn 8 den Chaibidil seo, agus le Roinn 4 de Chaibidil 4, de réir mar is infheidhme.

▼B

4. Ríomhfaidh institiúid méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal maidir lena risíochtaí trádala le contrapháirtithe lárnacha chun críocha Airteagal 92(3) mar shuim luachanna risíochta a risíochtaí trádála le contrapháirtithe lárnacha, arna ríomh i gcomhréir le mír 2 agus mír 3 den Airteagal seo, agus arna n-iolrú faoin ualú priacal a chinntear i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo.

▼M8

*Airteagal 307*

**Ceanglais cistí dílse maidir le ranníocaíochtaí le ciste mainneachtana contrapháirtí lárnaigh**

Cuirfidh institiúid a ghníomhaíonn mar chomhalta imréitigh an láimhseáil seo a leanas i bhfeidhm ar a risíochtaí a thagann as a ranníocaíochtaí le ciste mainneachtana contrapháirtí lárnaigh:

(a) ríomhfaidh sí an ceanglas cistí dílse dá ranníocaíochtaí réamhchistithe le ciste mainneachtana contrapháirtí lárnaigh cháilithigh i gcomhréir leis an gcur chuige a leagtar amach in Airteagal 308;

(b) ríomhfaidh sí an ceanglas cistí dílse dá ranníocaíochtaí réamhchistithe agus neamhchistithe le ciste mainneachtana contrapháirtí lárnaigh neamhcháilithigh i gcomhréir leis an gcur chuige a leagtar amach in Airteagal 309;

(c) ríomhfaidh sí an ceanglas cistí dílse dá ranníocaíochtaí neamhchistithe le ciste mainneachtana contrapháirtí lárnaigh cháilithigh i gcomhréir leis an láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 310.

▼B

*Airteagal 308*

**Ceanglais cistí dílse maidir le ranníocaíochtaí le ciste mainneachtana contrapháirtí lárnaigh cháilithigh réamh-mhaoinithe**

1. An luach risíochta do ranníocaíocht réamh-mhaoinithe institiúide le ciste mainneachtana contrapháirtí lárnaigh cháilithigh ($DF_i$), beidh sé cothrom leis an méid a íocadh isteach nó luach margaidh na sócmhainní arna seachadadh ag an institiúid sin, laghdaithe le haon chuid den ranníocaíocht sin atá úsáidte cheana féin ag an gcontrapháirtí lárnach cáilitheach chun a chaillteanais a sheasamh tar éis mainneachtana ceann amháin nó níos mó dá chuid comhaltaí imréitigh.

▼M8

2. Is mar seo a leanas a ríomhfaidh institiúid an ceanglas cistí dílse chun an risíocht a thagann as a ranníocaíocht réamhchistithe a chumhdach:

$$K_i = \max\left\{K_{CCP} \cdot \frac{DF_i}{DF_{CCP} + DF_{CM}},\ 8\% \cdot 2\% \cdot DF_i\right\}$$

nuair atá:

$K_i$ = an ceanglas cistí dílse;

▼**M8**

i = an t-innéacs lena gcuirtear an comhalta imréitigh in iúl;

$K_{CCP}$ = caipiteal hipitéiseach an chontrapháirtí lárnaigh cháilithigh a chuireann an contrapháirtí lárnach cáilitheach in iúl don institiúid i gcomhréir le hAirteagal 50c de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;

$DF_i$ = an ranníocaíocht réamhchistithe;

$DF_{CCP}$ = acmhainní airgeadais réamhchistithe an chontrapháirtí lárnaigh cháilithigh a chuireann an contrapháirtí lárnach cáilitheach in iúl don institiúid i gcomhréir le hAirteagal 50c de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012; agus

$DF_{CM}$ = suim ranníocaíochtaí réamhchistithe chomhaltaí imréitigh uile an chontrapháirtí lárnaigh cháilithigh a chuireann an contrapháirtí lárnach cáilitheach in iúl don institiúid i gcomhréir le hAirteagal 50c de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

3. Déanfaidh institiúid méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh maidir le risíochtaí a thagann as ranníocaíocht réamhchistithe na hinstitiúide sin le ciste mainneachtana contrapháirtí lárnaigh cháilithigh chun críocha Airteagal 92(3) mar an ceanglas cistí dílse, arna ríomh i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo arna iolrú faoi 12,5.

---

*Airteagal 309*

**Ceanglais cistí dílse maidir le ranníocaíochtaí réamhchistithe le ciste mainneachtana contrapháirtí lárnaigh neamhcháilithigh agus le ranníocaíochtaí neamhchistithe le contrapháirtí lárnach neamhcháilitheach**

1. Cuirfidh institiúid an fhoirmle seo a leanas i bhfeidhm chun an ceanglas cistí dílse a ríomh maidir leis na risíochtaí a thagann as a ranníocaíochtaí réamhchistithe le ciste mainneachtana contrapháirtí lárnaigh neamhcháilithigh agus as ranníocaíochtaí neamhchistithe le contrapháirtí lárnach den sórt sin:

$$K = DF + UC$$

nuair:

K = na ceanglais cistí dílse;

DF = ranníocaíochtaí réamhchistithe le ciste mainneachtana contrapháirtí lárnaigh neamhcháilithigh; agus

UC = ranníocaíochtaí neamhchistithe le ciste mainneachtana contrapháirtí lárnaigh neamhcháilithigh.

2. Déanfaidh institiúid méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh maidir le risíochtaí a thagann as ranníocaíocht na hinstitiúide sin le ciste mainneachtana contrapháirtí lárnaigh neamhcháilithigh chun críocha Airteagal 92(3) mar an ceanglas cistí dílse, arna ríomh i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, arna iolrú faoi 12,5.

▼M8

*Airteagal 310*

**Ceanglais cistí dílse maidir le ranníocaíochtaí réamhchistithe le ciste mainneachtana contrapháirtí lárnaigh cháilithigh**

Cuirfidh institiúid ualú priacail 0 % i bhfeidhm ar a ranníocaíochtaí neamhchistithe le ciste mainneachtana contrapháirtí lárnaigh cháilithigh.

*Airteagal 311*

**Ceanglais cistí dílse do risíochtaí ar chontrapháirtithe lárnacha nach gcomhlíonann coinníollacha áirithe a thuilleadh**

1. Cuirfidh institiúidí an láimhseáil a leagtar amach san Airteagal seo i bhfeidhm i gcás inar tháinig siad de bheith ar an eolas, tar éis fógra poiblí nó fógra ó údarás inniúil contrapháirtí lárnaigh a úsáideann na hinstitiúidí nó ón gcontrapháirtí lárnach féin, nach gcomhlíonfaidh an contrapháirtí lárnach na coinníollacha maidir le húdarú nó le haitheantas, de réir mar is infheidhme, a thuilleadh.

2. I gcás ina gcomhlíontar an coinníoll a leagtar amach i mír 1, déanfaidh institiúidí, laistigh de thrí mhí ón dáta a bhfuil a fhios acu faoin imthoisc dá dtagraítear sa mhír sin nó níos luaithe i gcás ina n-éilíonn údaráis inniúla na n-institiúidí sin é, déanfaidh siad an méid seo a leanas i ndáil lena risíochtaí ar an gcontrapháirtí lárnach sin:

(a) cuirfidh siad an láimhseáil a leagtar amach i bpointe (b) d'Airteagal 306(1) i bhfeidhm ar a risíochtaí trádála ar an gcontrapháirtí lárnach sin;

(b) cuirfidh siad an láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 309 i bhfeidhm ar a ranníocaíochtaí réamhchistithe le ciste mainneachtana an chontrapháirtí lárnaigh sin agus ar a ranníocaíochtaí neamhchistithe leis an gcontrapháirtí lárnach sin;

(c) déanfaidh siad a risíochtaí ar an gcontrapháirtí lárnach sin seachas iad sin a liostaítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) den mhír sin a láimhseáil mar risíochtaí ar eintiteas corparáideach i gcomhréir leis an gCur Chuige Caighdeánaithe maidir le priacalcreidmheasa a leagtar amach i gCaibidil 2.

▼B

TEIDEAL III

**CEANGLAIS CISTÍ DÍLSE LE HAGHAIDH PRIACAL OIBRIÚCHÁIN**

*CAIBIDIL 1*

***Prionsabail ghinearálta lena rialaítear úsáid na gcineálacha éagsúla cur chuige***

*Airteagal 312*

**Cead agus fógra**

1. D'fhonn cáiliú chun an Cur Chuige Caighdeánaithe a úsáid, comhlíonfaidh institiúidí na critéir atá leagtha amach in Airteagal 320, i dteannta na gcaighdeán ginearálta um bainistíocht priacal atá leagtha amach in Airteagal 74 agus Airteagal 85 de Threoir 2013/36/AE. Tabharfaidh na hinstitiúidí fógra do na húdaráis inniúla roimh an gcur chuige caighdeánaithe a úsáid.

▼B

Tabharfaidh na húdaráis inniúla cead do na hinstitiúidí táscaire ábhartha malartach a úsáid i gcomhair réimsí gnó na baincéireachta miondíola agus na baincéireachta tráchtála i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 319(2) agus Airteagal 320.

2. Tabharfaidh na húdaráis inniúla cead do na hinstitiúidí Ardmhodhanna Tomhais a úsáid bunaithe ar a gcórais féin chun priacail oibriúcháin a thomhas, i gcás ina gcomhlíonfar na caighdeáin cháilíochtúla agus chainníochtúla go léir atá leagtha amach in Airteagal 321 agus Airteagal 322 faoi seach agus i gcás ina gcomhlíonfaidh na hinstitiúidí na caighdeáin ghinearálta um bainistíocht priacal atá leagtha amach in Airteagal 74 agus Airteagal 85 de Threoir (AE)/36/2013 agus i Roinn II, Caibidil 3, Teideal VII den Treoir sin.

Cuirfidh na hinstitiúidí isteach ar chead óna n-údaráis inniúla freisin i gcás inar mian leo síntí agus athruithe ábhartha a chur chun feidhme maidir leis na hArdmhodhanna Tomhais sin. Ní thabharfaidh na húdaráis inniúla cead ach amháin sna cásanna sin ina leanfadh institiúidí orthu ag comhlíonadh na gcaighdeán sin a shonraítear sa chéad fhomhír i ndiaidh na síntí agus na n-athruithe ábhartha sin.

3. Tabharfaidh na hinstitiúidí fógra do na húdaráis inniúla maidir le haon athruithe ar a gcuid samhlacha Cur Chuige Ardtomhais.

4. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na nithe seo a leanas a shonrú:

(a) an mhodheolaíocht mheasúnaithe trína dtugann na húdaráis inniúla cead d'institiúidí leas a bhaint as Ardmhodhanna Tomhais;

(b) na coinníollacha chun measúnú a dhéanamh ar ábharthacht na síntí agus na n-athruithe ar Ardmhodhanna Tomhais;

(c) módúlachtaí an fhógra a éilítear le mír 3.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2014.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 313*

**Filleadh ar mhodhanna nach bhfuil chomh sofaisticiúil a úsáid**

1. Ní fhillfidh institiúidí a úsáideann an Cur Chuige Caighdeánaithe ar Chur Chuige an Bhuntáscaire mura gcomhlíonfar na coinníollacha i mír 3.

▼B

2. Maidir le hinstitiúidí a úsáideann na hArdmhodhanna Tomhais ní fhillfidh siad ar an gCur Chuige Caighdeánaithe ná ar Chur Chuige an Bhuntáscaire mura gcomhlíonfar na coinníollacha i mír 3.

3. Ní fhéadfaidh institiúid filleadh ar chur chuige nach bhfuil chomh sofaisticiúil i gcás priacal oibriúcháin ach amháin i gcás ina mbeidh an dá choinníoll seo a leanas comhlíonta:

(a) tá sé léirithe ag an institiúid chun sástachta an údaráis inniúil nach bhfuil sé beartaithe cur chuige nach bhfuil chomh sofaisticiúil a úsáid d'fhonn ceanglais cistí dílse na hinstitiúide le haghaidh priacal oibriúcháin a laghdú, go bhfuil sé riachtanach ar bhonn chineál agus chastacht na hinstitiúide agus nach mbeadh tionchar díobhálach ábhartha aige ar shócmhainneacht na hinstitiúide ná ar a cumas priacal oibriúcháin a bhainistiú go héifeachtach;

(b) fuair an institiúid cead roimh ré ón údarás inniúil.

*Airteagal 314*

**Cineálacha éagsúla cur chuige a úsáid i dteannta a chéile**

1. Féadfaidh institiúidí leas a bhaint as cineálacha éagsúla cur chuige i dteannta a chéile ar an gcoinníoll go bhfaigheann siad cead ó na húdaráis inniúla. Tabharfaidh na húdaráis inniúla cead den sórt sin i gcás ina gcomhlíonfar na ceanglais atá leagtha amach i míreanna 2 go 4, de réir mar is infheidhme.

2. Féadfaidh institiúid Ardmhodh Tomhais a úsáid i dteannta Chur Chuige an Bhuntáscaire nó an Chur Chuige Chaighdeánaithe, i gcás ina gcomhlíonfar an dá choinníoll seo a leanas:

(a) gabhtar priacail oibriúcháin ar fad na hinstitiúide leis na cineálacha Cur Chuige a úsáideann sí i dteannta a chéile agus tá na húdaráis inniúla sásta leis an modheolaíocht atá in úsáid ag an institiúid chun gníomhaíochtaí éagsúlaúla, suímh geografacha, struchtúir dhlíthiúla nó rannáin ábhartha eile arna gcinneadh ar bhonn inmheánach a chumhdach;

(b) comhlíontar na critéir atá leagtha amach in Airteagal 320 agus na caighdeáin atá leagtha amach in Airteagal 321 agus Airteagal 322 i gcás na coda sin de na gníomhaíochtaí atá cumhdaithe leis an gCur Chuige Caighdeánaithe agus leis na hArdmhodhanna Tomhais faoi seach.

3. I gcás institiúidí ar mian leo Ardmhodh Tomhais a úsáid i dteannta Chur Chuige an Bhuntáscaire nó an Chur Chuige Chaighdeánaithe, déanfaidh údaráis inniúla na coinníollacha breise seo a leanas a fhorchur, maidir le cead a thabhairt:

(a) ar an dáta a chuirfear Ardmhodh Tomhais chun feidhme, go mbeidh cuid shuntasach de priacail oibriúcháin na hinstitiúide gafa leis an gCur Chuige sin;

▼B

(b) tá an institiúid tiomanta an Ardmhodh Tomhais a chur i bhfeidhm i gcuid ábhartha dá hoibríochtaí laistigh de sceideal ama a cuireadh faoi bhráid na n-údarás inniúil agus a d'fhaomh siad.

4. Ní fhéadfaidh institiúid cead a iarraidh ó údarás inniúil Cur Chuige an Bhuntáscaire agus an Cur Chuige Caighdeánaithe a úsáid i dteannta a chéile ach amháin i gcúinsí eisceachtúla, mar shampla gnóthas nua a fuarthas mar éadáil le déanaí agus a mbeadh idirthréimhse ag teastáil dó chun an Cur Chuige Caighdeánaithe a chur i bhfeidhm.

Ní thabharfaidh údarás inniúil cead den sórt sin ach amháin i gcás ina bhfuil an institiúid tiomanta an Chur Chuige Caighdeánaithe a chur i bhfeidhm laistigh de sceideal ama a cuireadh faoi bhráid an údaráis inniúil agus a d'fhaomh siad.

5. Forbróidh ÚBE dréacht-chaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na nithe seo a leanas a shonrú:

(a) na coinníollacha a úsáidfidh na húdaráis inniúla agus measúnú á dhéanamh acu ar an modheolaíocht dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 2;

(b) na coinníollacha a úsáidfidh na húdaráis inniúla agus cinneadh á dhéanamh acu an bhforchuirfidh nó nach bhforchuirfidh siad na coinníollacha breise dá dtagraítear i mír 3.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2016.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*CAIBIDIL 2*

***Cur chuige an bhuntáscaire***

*Airteagal 315*

**Ceanglas cistí dílse**

1. Faoi Chur Chuige an Bhuntáscaire, tá an ceanglas cistí dílse le haghaidh priacal oibriúcháin cothrom le 15 % den mheán thar thréimhse trí bliana den táscaire ábhartha a leagtar amach in Airteagal 316.

Déanfaidh institiúidí meán an táscaire a ríomh thar thréimhse trí bliana den táscaire ábhartha ar bhonn na dtrí bhreathnóireacht dhá mhí dhéag is deireanaí ag deireadh na bliana airgeadais. Mura bhfuil figiúirí iniúchta ar fáil, féadfaidh institiúidí meastacháin ghnó a úsáid.

▼B

2. I gcás ina bhfuil insitiúid ag feidhmiú ar feadh níos lú ná trí bliana, féadfaidh sé meastacháin réamhbhreathnaitheacha gnó a úsáid chun an táscaire ábhartha a ríomh, ar an gcoinníoll go dtosóidh sé ag úsáid sonraí stairiúla a thúisce a bheidh siad ar fáil.

3. I gcás inar féidir le hinstitiúid a chruthú dá húdarás inniúil go mbeadh - de bharr chumasc, éadáil nó dhiúscairt na n-eintiteas nó na ngníomhaíochtaí - meastachán claonta mar thoradh ar an táscaire ábhartha a ríomh tríd an méan trí bliana a úsáid don cheanglas cistí dílse le haghaidh priacal oibriúcháin, féadfaidh an t-údarás inniúil ceadú do na hinstitiúidí an ríomh a leasú ar bhealach lena gcuirfí imeachtaí den chineál sin san áireamh agus cuirfidh sé ÚBE ar an eolas faoi. Sna himthosca sin, féadfaidh an t-údarás inniúil ceanglas a chur ar institiúid ar a thionscnamh féin, an ríomh a leasú.

4. Maidir le breathnóireacht ar bith, i gcás ina bhfuil an táscaire ábhartha diúltach nó cothrom le nialas, ní chuirfidh institiúidí an figiúr sin san áireamh le linn dóibh an meán thar thréimhse trí bliana a ríomh. Ríomhfaidh institiúidí an meán thar thréimhse trí bliana mar shuim na bhfigiúirí deimhneacha arna roinnt ar líon na bhfigiúirí deimhneacha.

*Airteagal 316*

**Táscaire ábhartha**

1. I gcás institiúidí a chuireann na caighdeáin chuntasaíochta a bunaíodh le Treoir 86/635/CEE i bhfeidhm, bunaithe ar na catagóirí cuntasaíochta do chuntas brabúis agus caillteanais na n-institiúidí faoi Airteagal 27 den Treoir sin, is é an táscaire ábhartha suim na n-eilimintí atá liostaithe i dTábla 1 den mhír seo. Cuirfidh institiúidí gach eilimint lena comhartha deimhneach nó lena comhartha diúltach san áireamh sa tsuim.

*Tábla 1*

| | |
|---|---|
| 1 | Ús infhála agus ioncam dá shamhail |
| 2 | Ús iníoctha agus muirir dá shamhail |
| 3 | Ioncam ó scaireanna agus ó urrúis toraidh athraithigh/ toraidh sheasta |
| 4 | Coimisiúin/táillí infhála |
| 5 | Coimisiúin/táillí iníoctha |
| 6 | Glanbhrabrús nó glanchaillteanas ar oibríochtaí airgeadais |
| 7 | Ioncam oibriúcháin eile |

Déanfaidh institiúidí na heilimintí sin a choigeartú chun na cáilíochtaí seo a leanas a léiriú:

(a) ríomhfaidh institiúidí an táscaire ábhartha sula n-asbhainfear aon soláthairtí agus caiteachais oibriúcháin. Áireoidh institiúidí mar caiteachais oibriúcháin na táillí a íocadh i leith eisfhoinsiú seirbhísí arna soláthar ag tríú páirtithe nach mathairchuideachta ná fochuideachta de chuid na hinstitiúide iad ná fochuideachta de chuid máthairchuideachta arb í máthairchuideachta na hinstitiúide í. Féadfaidh institiúidí an caiteachas ar eisfhoinsiú seirbhísí arna soláthar ag tríú páirtithe a úsáid chun an táscaire ábhartha a laghdú i gcás ina dtabhaítear an caiteachas ó ghnóthas atá faoi réir rialacha faoin Rialachán seo, nó faoi réir rialacha atá coibhéiseach leo;

▼B

(b) ní bhainfidh institiúidí feidhm as na heilimintí seo a leanas le linn dóibh an táscaire ábhartha a ríomh:

(i) brabúis/caillteanais ó dhíol ítimí ón leabhar neamhthrádála;

(ii) ioncam ó ítimí urghnácha nó neamhrialta;

(iii) ioncam díorthaithe ó árachas.

(c) féadfaidh institiúidí athluacháil ítimí trádála a áireamh nuair is cuid den ráiteas brabúis agus caillteanais í. Nuair a chuireann institiúidí Airteagal 36(2) de Threoir 86/635/CEE i bhfeidhm, áireoidh siad athluacháil arna cur sa chuntas brabúis agus caillteanais.

▼M8

De mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo, féadfaidh institiúidí a roghnú gan na catagóirí cuntasaíochta don chuntas brabúis agus caillteanais faoi Airteagal 27 de Threoir 86/635/CEE a chur i bhfeidhm maidir le léasanna airgeadais agus oibriúcháin chun críocha an táscaire ábhartha a ríomh, agus féadfaidh siad, ina n-ionad:

(a) ioncaim úis ó léasanna airgeadais agus oibriúcháin agus brabúis ó shócmhainní léasaithe a chur isteach sa chatagóir dá dtagraítear i bpointe 1 de Thábla 1;

(b) úschostas ó léasanna airgeadais agus oibriúcháin, caillteanais, dímheas agus lagú ar shócmhainní léasaithe oibriúcháin a chur isteach sa chatagóir dá dtagraítear i bpointe 2 de Thábla 1.

▼B

2. Nuair a chuireann institiúidí caighdeáin chuntasaíochta i bhfeidhm nach ionann iad agus na cinn a bunaíodh le Treoir 86/635/CEE, ríomhfaidh siad an táscaire ábhartha ar bhonn na sonraí is fearr a léiríonn an sainmhíniú atá leagtha amach san Airteagal seo.

3. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn an mhodheolaíocht a chinneadh chun an táscaire ábhartha dá dtagraítear i mír 2 a ríomh.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2017.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*CAIBIDIL 3*

***Cur Chuige Caighdeánaithe***

*Airteagal 317*

**Ceanglas cistí dílse**

1. Faoin gCur Chuige Caighdeánaithe, roinnfidh institiúidí a ngníomhaíochtaí ar na réimeanna gnó atá leagtha amach i dTábla 2 de mhír 4 agus i gcomhréir leis na prionsabail atá leagtha amach in Airteagal 318.

2. Is mar mheán thar thréimhse trí bliana de shuim na gceanglas cistí dílse bliantúla thar gach réim gnó dá dtagraítear i dTábla 2 de mhír 4 a ríomhfaidh institiúidí an ceanglas cistí dílse le haghaidh priacal oibriúcháin. Tá ceanglas cistí dílse bliantúil gach aon réime gnó cothrom le toradh an bhéite-fhachtóra chomhfhreagraigh dá dtagraítear sa Tábla sin agus leis an gcuid den táscaire ábhartha arna mapáil go dtí an réim gnó faoi seach.

▼B

3. In aon bhliain ar leith, féadfaidh institiúidí ceanglais cistí dílse dhiúltacha a thig ó chuid dhiúltach den táscaire ábhartha in aon réim gnó a fhritháireamh gan teorainn leis na ceanglais cistí dílse dheimhneacha i réimeanna gnó eile. Mar sin féin, i gcás ina bhfuil an ceanglas comhiomlán cistí dílse ar fud gach réime gnó i mbliain ar leith diúltach, tabharfaidh institiúidí luach nialais mar ionchur d'uimhreoir na bliana sin.

4. Déanfaidh institiúidí meán thar thréimhse trí bliana den tsuim dá dtagraítear i mír 2 a ríomh ar bhonn na dtrí bhreathnóireacht dhá mhí dhéag is deireanaí ag deireadh na bliana airgeadais. Mura bhfuil figiúirí iniúchta ar fáil, féadfaidh institiúidí meastacháin ghnó a úsáid.

I gcás inar féidir le hinstitiúid a chruthú dá húdarás inniúil go mbeadh - de bharr chumasc, éadáil nó dhiúscairt na n-eintiteas nó na ngníomhaíochtaí - meastachán claonta mar thoradh ar an táscaire ábhartha a ríomh tríd an méan trí bliana a úsáid don cheanglas cistí dílse le haghaidh priacal oibriúcháin, féadfaidh an t-údarás inniúil ceadú do na hinstitiúidí an ríomh a leasú ar bhealach lena gcuirfí imeachtaí den chineál sin san áireamh agus cuirfidh sé ÚBE ar an eolas faoi. Sna himthosca sin, féadfaidh an t-údarás inniúil ceanglas a chur ar institiúid ar a thionscnamh féin, an ríomh a leasú.

I gcás ina bhfuil insitiúid ag feidhmiú ar feadh níos lú ná trí bliana, féadfaidh sé meastacháin réamhbhreathnaitheacha gnó a úsáid chun an táscaire ábhartha a ríomh, ar an gcoinníoll go dtosóidh sé ag úsáid sonraí stairiúla a thúisce a bheidh siad ar fáil.

*Tábla 2*

| Réim gnó | Liosta gníomhaíochtaí | Céatadán (Béite-fhactóir) |
|---|---|---|
| Maoiniúchán corparáideach | Ionstraimí airgeadais a fhrithghealladh nó ionstraimí airgeadais a sholáthar ar bhonn oibleagáide daingne<br>Seirbhísí a bhaineann le frithghealladh<br>Comhairle infheistíochta<br>Comhairle do ghnóthais faoi struchtúr caipitil, straitéis thionsclaíoch agus ábhair ghaolmhara, agus comhairle agus seirbhísí a bhaineann le cumaisc agus le ceannach gnóthas<br>Taighde infheistíochta agus anailís airgeadais agus cineálacha eile moltaí ginearálta a bhaineann le hidirbhearta in ionstraimí airgeadais | 18 % |
| Trádáil agus Díolacháin | Déileáil ar a gcuntas féin<br>Bróicéireacht airgid<br>Orduithe i ndáil le hionstraim airgeadais amháin nó níos mó a ghlacadh agus a tharchur<br>Orduithe a fhorghníomhú ar son cliant<br>Ionstraimí airgeadais a sholáthar gan bonn oibleagáide daingne<br>Oibriú Saoráidí Trádála Iltaobhacha | 18 % |

▼B

| Réim gnó | Liosta gníomhaíochtaí | Céatadán (Béite-fhactóir) |
|---|---|---|
| Bróicéireacht mhiondíola<br><br>(Gníomhaíochtaí le daoine nádúrtha nó le FBManna a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 123 maidir le haicme na risíochta ar mhiondíol) | Orduithe i ndáil le hionstraim airgeadais amháin nó níos mó a ghlacadh agus a tharchur<br><br>Orduithe a fhorghníomhú ar son cliant<br><br>Ionstraimí airgeadais a sholáthar gan bonn oibleagáide daingne | 12 % |
| Baincéireacht tráchtála | Taiscí agus cistí inaisíoctha eile a ghlacadh<br><br>Iasachtú<br><br>Léasú airgeadais<br><br>Ráthaíochtaí agus Gealltanais | 15 % |
| Baincéireacht mhiondíola<br><br>(Gníomhaíochtaí le daoine nádúrtha nó le FBManna a chomhlíonann na critéir atá leagtha amach in Airteagal 123 maidir le haicme na risíochta ar mhiondíol) | Taiscí agus cistí inaisíoctha eile a ghlacadh<br><br>Iasachtú<br><br>Léasú airgeadais<br><br>Ráthaíochtaí agus Gealltanais | 12 % |
| Íocaíocht agus socraíocht | Seirbhísí tarchur airgid,<br><br>Modhanna íocaíochta a eisiúint agus a riar | 18 % |
| Seirbhísí gníomhai-reachta | Ionstraimí airgeadais a chumhdach agus a riar chun cuntais na gcliant, lena n-airítear feigh-líocht agus seirbhísí gaolmhara amhail bainis-tíocht airgid thirim nó comhthaobhachta | 15 % |
| Bainistíocht sócmhainní | Bainistíocht punainne<br><br>GCUI a bhainistiú<br><br>Cineálacha eile bainistíochta | 12 % |

*Airteagal 318*

**Prionsabail maidir le réimeanna gnó a mhapáil**

1. Forbróidh institiúidí beartais agus critéir shonracha chun an táscaire ábhartha i gcomhair réimeanna agus gníomhaíochtaí gnó reatha a mhapáil sa chreat caighdeánaithe atá leagtha síos in Airteagal 317 agus déanfaidh siad doiciméadú orthu. Déanfaidh siad athbhreithniú agus coigeartú ar na beartais agus ar na critéir sin de réir mar is cuí le déileáil le priacail agus gníomhaíochtaí gnó atá ag athrú nó atá nua.

2. Cuirfidh institiúidí na prionsabail seo a leanas i bhfeidhm maidir le réimeanna gnó a mhapáil:

(a) mapálfaidh institiúidí na gníomhaíochtaí ina réimeanna gnó ar bhealach atá comheisiatach agus uileghabhálach le chéile;

▼B

(b) murar féidir le hinstitiúidí aon ghníomhaíocht a mhapáil go héasca i gcreat na réimeanna gnó, agus más gníomhaíocht choimhdeach í a bhaineann le gníomhaíocht atá ar áireamh sa chreat oibre, déanfaidh na hinstitiúidí an ghníomhaíocht sin a mhapáil sa réim ghnó a dtugann sí tacaíocht di. I gcás ina bhfuil gníomhaíocht choimhdeach ag tacú le breis agus réim gnó amháin, úsáidfidh institiúidí critéar mapála oibiachtúil;

(c) i gcás nach féidir gníomhaíocht a mhapáil i réim gnó ar leith bainfidh na hinstitiúidí feidhm as an réim gnó a thugann an céatadán is airde. Baineann an réim gnó chéanna le haon ghníomhaíocht choimhdeach a ghabhann leis an ngníomhaíocht sin freisin;

(d) féadfaidh institiúidí modhanna praghsála inmheánacha a úsáid chun an táscaire ábhartha a leithdháileadh ar réimeanna gnó éagsúla. Féadfar costas arna ghiniúint i réim gnó amháin is féidir a iontráil go barúlach i réim gnó eile a ath-leithdháileadh ar an réim gnó lena mbaineann siad;

(e) beidh an chaoi a mapálfar gníomhaíochtaí i réimeanna gnó chun críocha caipitil priacal oibriúcháin comhsheasmhach leis na catagóirí a úsáideann na hinstitiúidí i gcomhair priacail creidmheasa agus priacail margaidh;

(f) beidh an lucht bainistíochta sinsearaí freagrach as an mbeartas mapála atá faoi rialú chomhlacht bainistíochta na hinstitiúide;

(g) cuirfidh institiúidí an próiseas mapála i réimeanna gnó faoi réir athbhreithnithe neamhspleáigh.

3. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme d'fhonn na coinníollacha a chinneadh ar dá réir a chuirfear na prionsabail i ndáil le mapáil réimeanna gnó dá bhforáiltear san Airteagal seo i bhfeidhm.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid na Choimisiúin faoin 31.12.17.

Tugtar cumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 319*

**Cur Chuige Caighdeánaithe Malartach**

1. Faoin gCur Chuige Caighdeánaithe Malartach, i gcás réimeanna gnó na baincéireachta miondíola agus na baincéireachta tráchtála, cuirfidh institiúidí an méid seo a leanas i bhfeidhm:

(a) táscaire normalaithe ioncaim is ea an táscaire ábhartha atá cothrom le méid ainmniúil na n-iasachtaí agus na n-airleacan arna n-iolrú faoi 0.035;

(b) is éard atá sna hiasachtaí agus sna hairleacain méideanna iomlána tarraingthe sna punanna creidmheasa comhfhreagracha. I gcás réim gnó na baincéireachta tráchtála, cuirfidh institiúidí urrúis arna sealbhú sa leabhar neamhthrádála ar áireamh i méid ainmniúil na n-iasachtaí agus na n-airleacan.

▼B

2. Ní mór d'institiúid na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh le cead a bheith aici leas a bhaint as an gCur Chuige Caighdeánaithe Malartach:

(a) is ó ghníomhaíochtaí baincéireachta miondíola nó tráchtála a fhaigheann sí ar a laghad 90 % dá hioncam;

(b) beidh iasachtaí a bhfuil PD ard ag baint leo ina gcion suntasach dá gníomhaíochtaí baincéireachta miondíola nó tráchtála;

(c) is bonn iomchuí é an Cur chuige Caighdeánaithe Malartach chun a ceanglas cistí dílse le haghaidh priacal oibriúcháin a ríomh.

*Airteagal 320*

**Critéir maidir leis an gCur chuige Caighdeánaithe**

Is iad seo a leanas na critéir dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 312(1):

(a) beidh córas atá doiciméadaithe go maith i bhfeidhm ag institiúid chun priacail oibriúchán a mheasúnú agus a bhainistiú agus beidh freagrachtaí soiléire sannta don chóras sin. Déanfaidh sí a risíochtaí ar priacail oibriúcháin a aithint agus sonraí ábhartha maidir le priacail oibriúcháin a rianú, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le caillteanas ábhartha. Beidh an córas sin faoi réir a athbhreithnithe go rialta ar bhonn neamhspleách arna dhéanamh ag páirtí inmheánach nó seachtrach a bhfuil an fhaisnéis riachtanach aige chun athbhreithniú den chineál sin a dhéanamh;

(b) beidh córais na hinstitiúide chun priacail oibriúcháin a mheas comhtháite go dlúth le próisis um bainistiú priacal na hinstitiúide sin. Beidh a haschur ina dhlúthchuid den phróiseas chun próifíl priacal oibriúcháin na hinstitiúide a rialú agus chun faireachán a dhéanamh uirthi;

(c) cuirfidh institiúid córas chun feidhme maidir le tuairisciú chuig an lucht bainistíochta sinsearaí faoina soláthraítear tuairiscí ar priacal oibriúcháin do na feidhmeanna ábhartha laistigh de na hinstitiúidí. Beidh nósanna imeachta ag institiúid chun beart cuí a dhéanamh de réir an eolais atá sna tuarascálacha a thugtar don lucht bainistíochta.

*CAIBIDIL 4*

***Ardmhodhanna Tomhais***

*Airteagal 321*

**Caighdeáin cháilíochtúla**

Is iad seo a leanas na caighdeáin cháilíochtúla dá dtagraítear in Airteagal 312(2):

(a) déanfar córas inmheánach na hinstitiúide chun priacail oibriúcháin a thomhas a chomhtháthú go dlúth lena próisis laethúla bainistíochta priacal;

(b) beidh feidhm neamhspleách bainistíochta priacal maidir le priacal oibriúcháin i bhfeidhm ag institiúid;

▼B

(c) beidh nósanna imeachta i bhfeidhm ag institiúid chun tuairisciú rialta a dhéanamh ar risíochtaí ar priacail oibriúcháin agus ar thaithí chaillteanais agus beidh nósanna imeachta i bhfeidhm aici chun gníomh ceartaitheach cuí a dhéanamh;

(d) beidh córas bainistíochta priacal na n-institiúidí doiciméadaithe go maith. Beidh gnáthaimh i bhfeidhm ag institiúid chun comhlíonadh a chinntiú mar aon le beartais chun neamhchomhlíonadh a láimhseáil;

(e) áiritheoidh institiúid go ndéanfaidh iniúchóirí inmheánacha nó seachtracha athbhreithnithe rialta ar a bpróisis chun priacail oibriúcháin a bhainistiú agus ar a córais chun priacail oibriúcháin a thomhas;

(f) feidhmeoidh próiseas bailíochtaithe inmheánach na n-institiúidí ar bhealach fónta agus éifeachtach;

(g) beidh an sreabhadh sonraí agus na próisis a bhaineann le córas institiúide chun priacal a thomhas trédhearcach agus inrochtana.

*Airteagal 322*

**Caighdeáin chainníochtúla**

1. Áirítear ar na caighdeáin chainníochtúla dá dtagraítear in Airteagal 312(2) na caighdeáin a bhaineann le próisis, le sonraí inmheánacha, le sonraí seachtracha, le hanailís ar chnámha scéil, le timpeallacht an ghnó agus le fachtóirí rialaithe inmheánaigh a leagtar síos i míreanna 2 go 6 faoi seach.

2. Is iad seo a leanas na caighdeáin a bhaineann le próisis:

(a) ríomhfaidh institiúid a ceanglas cistí dílse mar mhéid ina mbeidh caillteanas ionchasach agus caillteanas gan choinne ar áireamh, mura ndéantar caillteanas ionchasach a áireamh go sásúil ina cleachtais ghnó inmheánacha. Gabhfaidh an beart um priacail oibriúcháin aon earrtheagmhais a d'fhéadfadh a bheith dian, agus beidh caighdeán na hiontaofachta lena mbaineann inchurtha le heatramh muiníne 99.9 % thar thréimhse bliana;

(b) áireofar ar chóras na hinstitiúide chun priacail oibriúcháin a thomhas úsáid sonraí inmheánacha, sonraí seachtracha, anailís ar chnámha scéil agus fachtóirí a léiríonn timpeallacht an ghnó agus na córais rialaithe inmheánaigh mar atá leagtha amach i míreanna 3 go 6. Beidh cur chuige i bhfeidhm ag an institiúid a bheidh doiciméadaithe go maith chun úsáid na gceithre eilimint sin a ualú ina córas foriomlán chun priacail oibriúcháin a thomhas;

(c) gabhfaidh córas na hinstitiúide chun priacal a thomhas na foinsí móra priacal a dhéanfaidh difear don chruth a bheidh ar an earr ar dháileadh measta na gcaillteanas;

(d) ní fhéadfaidh institiúid comhghaolta i gcaillteanais priacail oibriúcháin a aithint thar mheastacháin aonair ar priacail oibriúcháin ach amháin i gcás ina mbeidh córais fhónta aici chun comhghaolta a thomhas, go gcuirfear i bhfeidhm iad le hionracas, agus go gcuirfear san áireamh an neamhchinnteacht a bhaineann le haon mheastacháin ar chomhghaolta den sórt sin, go háirithe i dtréimhsí struis. Déanfaidh institiúid bailíochtú ar a cuid toimhdí comhghaolúcháin ag baint úsáide as teicnící cainníochtúla agus cáilíochtúla iomchuí;

▼B

(e) beidh córas na hinstitiúide chun priacal a thomhas comhsheasmhach go hinmheánach agus ní dhéanfar measúnuithe cáilíochtúla ná teicnící maolaithe priacal a aithnítear i réimsí eile den Rialachán seo a chomhaireamh níos mó ná uair amháin sa chóras sin.

3. Is iad seo a leanas na caighdeáin a bhaineann le sonraí inmheánacha:

(a) bunóidh institiúid a bearta um priacail oibriúcháin a ghintear go hinmheánach ar thréimhse stairiúil bhreathnóireachta cúig bliana ar a laghad. Nuair a thosaíonn institiúid an tArdmhodh Tomhais a úsáid den chéad uair, féadfaidh sí tréimhse bhreathnóireachta stairiúil trí bliana a úsáid;

(b) beidh institiúid in ann a gcuid sonraí stairiúla inmheánacha maidir le caillteanas a mhapáil sna réimeanna gnó arna sainmhíniú in Airteagal 317 agus sna cineálacha teagmhais arna sainmhíniú in Airteagal 324, agus na sonraí sin a sholáthar d'údaráis inniúla arna iarraidh sin dóibh. In imthosca eisceachtúla, féadfaidh institiúid teagmhais chaillteanais a dhéanfaidh difear don institiúid ar fad a leithdháileadh ar réim gnó bhreise na "n-ítimí corparáideacha". Beidh critéir oibiachtúla, dhoiciméadaithe ag institiúid chun caillteanais a leithdháileadh ar réimeanna gnó agus ar chineálacha teagmhas sonraithe. Is sna bunachair sonraí priacail oibriúcháin a thaifeadfaidh institiúid na caillteanais priacail oibriúcháin a bhaineann le priacal creidmheasa agus a bhíodh á n-áireamh aici roimhe sin sna bunachair shonraí inmheánacha um priacal creidmheasa agus déanfaidh sí iad a aithint ar leithligh. Ní bheidh caillteanais den sórt sin faoi réir an mhuirir um priacal oibriúcháin, ar an gcoinníoll go leanann an institiúid uirthi á láimhseáil mar priacal creidmheasa ar mhaithe le ceanglais cistí dílse a ríomh. Cuirfidh institiúid na caillteanais priacail oibriúcháin a bhaineann le priacail margaidh san áireamh faoi réim an cheanglais cistí dílse le haghaidh priacal oibriúcháin:

(c) beidh sonraí inmheánacha na hinstitiúide maidir le caillteanas cuimsitheach sa mhéid is go ngabhfaidh siad na gníomhaíochtaí agus na risíochtaí ábhartha go léir a bhaineann le gach fochóras agus suíomh geografach iomchuí. Beidh institiúid in ann a léiriú nach mbeadh aon tionchar ábhartha ag aon ghníomhaíochtaí nó risíochtaí eisiata, cibé acu ina n-aonair nó i dteannta a chéile, ar na meastacháin fhoriomlána ar an bpriacal. Saineoidh institiúid íostairseacha caillteanais iomchuí i leith sonraí inmheánacha maidir le caillteanas a bhailiú;

(d) le cois faisnéis a bhailiú faoi mhéideanna an chaillteanais chomhláin, baileoidh institiúid faisnéis faoi dháta an teagmhais chaillteanais, faoi mhéideanna an chaillteanais chomhláin a gnóthaíodh, mar aon le faisnéis thuairisciúil faoi na cúiseanna leis an teagmhas caillteanais nó na gníomhaithe nó na cúiseanna a spreag é;

(e) maidir le sonraí caillteanais a thig ó theagmhas caillteanais i bhfeidhm láraithe nó i ngníomhaíocht a bhaineann le níos mó ná réim gnó amháin, agus iad siúd a thig ó theagmhais chaillteanais ghaolmhara thar thréimhse ama, beidh critéir shonracha i bhfeidhm ag institiúid chun iad a shannadh thar imeacht ama;

(f) beidh nósanna imeachta doiciméadaithe i bhfeidhm ag institiúid chun measúnú a dhéanamh ar ábharthacht leanúnach shonraí an chaillteanais stairiúil, lena n-áirítear na cásanna inar féidir sáruithe ar bhreithiúnais, scálú nó coigeartuithe eile a úsáid, a mhéid is féidir iad a úsáid agus cé atá údaraithe chun cinntí den sórt sin a dhéanamh.

▼B

4. Is iad seo a leanas na caighdeáin cháilitheacha a bhaineann le sonraí seachtracha:

(a) bainfear leas as sonraí seachtracha ábhartha sa chóras atá ag institiúidí chun priacail oibriúcháin a thomhas, go háirithe nuair atá cúis ann lena chreidiúint go bhfuil an institiúid ar ris ar chaillteanais, agus bíodh is nach minic a bhíonn sí risíochta orthu go bhféadfaidís a bheith dian. Beidh próiseas córasach ag an institiúid chun cinneadh a dhéanamh cad iad na cásanna a n-úsáidfear sonraí seachtracha ina leith agus na modheolaíochtaí a úsáidfear chun na sonraí a ionchorprú ina córas tomhais;

(b) déanfaidh institiúid athbhreithnithe rialta ar na coinníollacha agus ar na cleachtais le haghaidh sonraí seachtracha agus déanfaidh sí iad a dhoiciméadú agus áiritheoidh sí go ndéanfar athbhreithniú neamhspleách tréimhsiúil orthu.

5. Bainfidh an institiúid leas as anailís ar chnámha scéil bunaithe ar thuairim shaineolach mar aon le sonraí seachtracha le measúnú a dhéanamh ar a risíocht ar theagmhais an-dian. Le himeacht ama, déanfaidh an institiúid bailíochtú agus athmheasúnú ar na measúnuithe sin trí iad a chur i gcomparáid le caillteanas iarbhír ó thaithí lena áirithiú go bhfuil siad réasúnta.

6. Is iad seo a leanas na caighdeáin cháilitheacha a bhaineann le tosca thimpeallacht an ghnó agus le tosca rialaithe inmheánaigh:

(a) cuimseofar príomhthosca thimpeallacht an ghnó agus na príomhthosca rialaithe inmheánaigh a d'fhéadfadh athrú a dhéanamh ar phróifíl priacal oibriúcháin na hinstitiúide i modheolaíocht na hinstitiúide chun priacal a mheasúnú i gcomhair an ghnólachta uile;

(b) léireoidh institiúid go bhfuil údar maith le gach toisc a roghnaíonn sí toisc gur gníomhaí a spreagann priacal í, bunaithe ar thaithí agus ar bhreithiúnas saineolaithe sna réimsí gnó lena mbaineann;

(c) beidh sé ar chumas institiúid a léiriú do na húdaráis inniúla go bhfuil údar maith leis na meastacháin ar an bpriacal a bheith íogair ó thaobh athruithe ar na fachtóirí agus ar ualú coibhneasta na bhfachtóirí éagsúla. Mar aon le hathruithe i priacal de bharr feabhsuithe i rialuithe priacal a ghabháil, gabhfar le creat na hinstitiúide chun priacail a thomhas na méaduithe a d'fhéadfadh teacht ar priacal i ngeall ar ghníomhaíochtaí níos casta a bheith ar siúl nó i ngeall ar mhéadú ar an méid gnó a bheidh le déanamh;

(d) déanfaidh an institiúid a creat chun priacal a thomhas a dhoiciméadú agus áiritheoidh sí go mbeidh sé faoi réir a athbhreithnithe ar bhonn neamhspleách laistigh den institiúid agus ag údaráis inniúla. Le himeacht ama, déanfaidh institiúidí bailíochtú agus athmheasúnú ar an bpróiseas agus ar na torthaí trí iad a chur i gcomparáid leis an gcaillteanas inmheánach iarbhír ó thaithí agus le sonraí ábhartha seachtracha.

*Airteagal 323*

**Tionchar an árachais agus na sásraí eile chun priacal a aistriú**

1. Ceadóidh údaráis inniúla d'institiúidí tionchar an árachais a aithint faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach i míreanna 2 go 5 agus sásraí eile chun priacal a aistriú i gcás inar féidir leis an institiúid a léiriú go mbainfear amach éifeacht mhaolaitheach shuntasach maidir le priacal.

▼B

2. Beidh soláthraí an árachais údaraithe chun árachas nó atháráchas a sholáthar agus beidh rátáil íosta aige maidir le hinniúlacht chun éilimh a íoc ó IMCS a bhfuil sé deimhnithe ag an ÚBE go mbaineann sé le céim 3 den cháilíocht chreidmheasa nó le céim níos airde, de réir na rialacha ualaithe priacal maidir le risíochtaí ar institiúidí faoi, Theideal II, Caibidil 2.

3. Comhlíonfaidh an t-árachas agus creat árachais na hinstitiúide na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá téarma tosaigh nach lú ná bliain amháin ag an bpolasaí árachais. I gcás polasaithe a bhfuil téarma iarmharach níos lú ná bliain amháin acu, déanfaidh institiúid caolchorrlaigh iomchuí a léireoidh tréimhse iarmharach an pholasaí atá ag meath, agus í sin chomh hard le caolchorrlach iomlán 100 % i gcás polasaithe a bhfuil tréimhse iarmharach 90 lá nó níos lú acu;

(b) tá íostréimhse fógartha 90 lá ag an bpolasaí árachais chun an conradh a chealú;

(c) níl aon eisceachtaí ná teorainneacha ag an bpolasaí árachais a spreagtar de bharr gníomhaíochtaí maoirseachta nó, i gcás institiúide teipthe, a chuirfeadh bac ar ghlacadóir nó ar leachtaitheoir na hinstitiúide an damáiste a d'fhulaing an institiúid nó na caiteachais a thabhaigh sí a ghnóthú, ach amháin i leith teagmhas a tharlódh tar éis imeachtaí glacadóireachta nó leachtaithe a thionscnamh i leith na hinstitiúide. Mar sin féin, féadfaidh an polasaí árachais aon fhíneáil, aon phionós, nó aon damáistí pionósacha a thig ó ghníomhaíochtaí na n-údarás inniúil a eisiamh;

(d) léireoidh na ríomhanna maolaithe priacal an cumhdach árachais ar bhealach a bheidh trédhearcach ó thaobh an ghaoil atá aige le dóchúlacht iarbhír agus le tionchar an chaillteanais a bheidh in úsáid chun caipiteal priacail oibriúcháin a chinneadh ar an iomlán agus a bheidh comhsheasmhach leis an méid sin;

(e) cuireann eintiteas tríú páirtí an t-árachas ar fáil. I gcás árachais a chuirtear ar fáil trí chuideachtaí faoi chuing nó trí chleamhnaithe, ní mór an risíochta roinnt ar eintiteas neamhspleách tríú páirtí a chomhlíonann na critéir cháilitheachta a leagtar amach i mír 2;

(f) tá an creat chun árachas a aithint réasúnaithe agus doiciméadaithe go maith.

4. Déanfar na heilimintí seo a leanas go léir a ghabháil leis an modheolaíocht chun árachas a aithint trí lascainí nó trí chaolchorrlaigh i méid na haitheanta árachais:

(a) tréimhse iarmharach an pholasaí árachais, i gcás inar lú í ná bliain amháin;

(b) téarmaí cealúcháin an pholasaí, i gcás inar lú an tréimshe ná bliain amháin;

(c) neamhchinnteacht na híocaíochta, chomh maith le neamhréireanna i gcumhdach na bpolasaithe árachais.

5. Maidir leis an laghdú ar cheanglais cistí dílse i ngeall ar árachais agus ar shásraí eile um aistriú priacal a aithint, ní sháróidh sé 20 % de na ceanglas cistí dílse le haghaidh priacal oibriúcháin roimh theicnící maolaithe priacal a aithint.

▼B

*Airteagal 324*

**Teagmhais chaillteanais a aicmiú de réir cineáil**

Is iad seo a leanas cineálacha na dteagmhas caillteanais dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 322(3):

*Tábla 3*

| Catagóir de Chineál Teagmhais | Sainmhíniú |
|---|---|
| Calaois inmheánach | Caillteanais mar gheall ar ghníomhartha de chineál atá beartaithe chun calaois a dhéanamh, maoin a mhídhílsiú nó dul timpeall ar rialacháin, ar an dlí nó ar bheartas na cuideachta, ach gan éagsúlacht/teagmhais idirdhealaithe, a bhaineann le páirtí inmheánach amháin ar a laghad, a chur san áireamh |
| Calaois sheachtrach | Caillteanais mar gheall ar ghníomhartha tríú páirtí de chineál atá beartaithe chun calaois a dhéanamh, maoin a mídhílsiú nó dul timpeall ar an dlí |
| Cleachtais Fostaíochta agus Sábháilteacht san Ionad Oibre | Caillteanais a eascraíonn ó ghníomhartha atá ar neamhréir le dlíthe nó le comhaontuithe fostaíochta nó sláinte agus sábháilteachta, agus a eascraíonn ó éilimh chun díobháil phearsanta a ghnóthú a íoc, nó ó theagmhais éagsúlachta/idirdhealaithe |
| Cliaint, Táirgí & Cleachtais Ghnó | Caillteanais a eascraíonn ó mhainneachtain neamhbheartaithe nó fhaillíoch oibleagáide gairmiúla i leith cliant sonrach a chomhlíonadh (lena n-áirítear ceanglais mhuiníneacha agus oiriúnachta), nó ó nádúr nó ó dhearadh táirge |
| Damáiste do Shócmhainní Fisiceacha | Caillteanais a eascraíonn ó chaillteanas nó ó dhamáiste do shócmhainní fisiceacha de bharr tubaiste nádúrtha nó teagmhas eile |
| Míshocracht ghnó agus teipeanna córais | Caillteanais a eascraíonn ó mhíshocracht ghnó nó ó theipeanna córais |
| Forghníomhú, Seachadadh & Bainistíocht Próisis | Caillteanais ó phróiseáil idirbheart teipthe nó ó bhainistíocht próisis, ó chaidreamh le contrapháirtithe trádála agus le díoltóirí |

TEIDEAL IV

**CEANGLAIS CISTÍ DÍLSE LE HAGHAIDH PRIACAL MARGAIDH**

▼M8

*CAIBIDIL 1*

***Forálacha ginearálta***

*Airteagal 325*

**Cur chuige chun críche ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh priacal margaidh**

1. Déanfaidh gach institiúid a ceanglais cistí dílse maidir le priacal margaidh gach suímh leabhar trádála agus gach suímh leabhar neamhthrádála atá faoi réir priacal malairte eachtraí nó priacal tráchtearraí a ríomh i gcomhréir leis an gcur chuige seo a leanas:

▼M8

(a) an cur chuige caighdeánaithe dá dtagraítear i mír 2;

(b) an cur chuige samhla inmheánaí a leagtar amach i gCaibidil 5 den Teideal seo do na catagóirí priacail ar tugadh cead d'institiúid ina leith an cur chuige sin a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 363.

2. Ciallóidh na ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal margaidh a ríomhtar i gcomhréir leis an gcur chuige caighdeánaithe dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 suim na gceanglas cistí dílse, mar is infheidhme:

(a) na ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal suímh dá dtagraítear i gCaibidil 2;

(b) na ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal malairte eachtraí dá dtagraítear i gCaibidil 3;

(c) na ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal tráchtearraí dá dtagraítear i gCaibidil 4.

3. Aon institiúid nach bhfuil díolúine aici ó na ceanglais tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 430b i gcomhréir le hAirteagal 325a, déanfaidh an institiúid sin an ríomh a thuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 430b do gach suíomh leabhar trádála agus gach suíomh leabhar neamhthrádála faoi réir priacal malairte eachtraí nó priacal tráchtearraí i gcomhréir leis na cuir chuige seo a leanas:

(a) an cur chuige caighdeánaithe malartach a leagtar amach i gCaibidil 1a;

(b) an cur chuige samhla inmheánaí malartach a leagtar amach i gCaibidil 1b.

4. Féadfaidh institiúid na cineálacha cur chuige a leagtar amach i bpointe (a) agus pointe (b) de mhír 1 den Airteagal seo a úsáid i gcomhcheangal ar bhonn buan laistigh de ghrúpa i gcomhréir le hAirteagal 363.

5. Ní úsáidfidh institiúid an cur chuige a leagtar amach i bpointe (b) de mhír 3 d'ionstraimí ina leabhar trádála ar suíomhanna urrúsúcháin iad nó suíomhanna a áirítear sa phunann trádála chomhghaoil mhalartach (ACTP) mar a leagtar amach i mír 6, i mír 7 agus i mír 8.

6. Maidir le suíomhanna urrúsúcháin agus díorthaigh chreidmheasa don n-ú mainneachtain a chomhlíonann na critéir uile seo a leanas, áireofar san ACTP iad:

(a) ní suíomhanna athurrúsúcháin iad, ná roghanna ar thráinse urrúsúcháin, ná aon díorthaigh eile ó risíochtaí urrúsúcháin nach soláthraíonn sciar pro rata sna fáltais ó thráinse urrúsúcháin;

(b) is ionstraimí de na cinn seo a leanas iad na hionstraimí foluiteacha:

(i) ionstraimí aonainm, lena n-áirítear díorthaigh chreidmheasa aonainm, a bhfuil margadh leachtach dhá threo ann ina leith;

(ii) innéacsanna a thrádáiltear de ghnáth bunaithe ar na hionstraimí dá dtagraítear i bpointe (i).

▼M8

Meastar go bhfuil margadh dhá threo ann má dhéantar tairiscintí neamhspleácha bona fide chun earraí a cheannach agus a dhíol ionas gur féidir praghas a bhaineann go réasúnta leis an bpraghas díola deireanach nó le tairiscint iomaíoch bona fide agus luachanna tairisceana reatha a chinneadh laistigh de lá amháin agus a shocrú ar an bpraghas sin laistigh de thréimhse measartha gearr ag teacht le gnás trádála.

7. Ní áireofar sa phunann trádála chomhghaoil mhalartach aon suíomhanna ina bhfuil aon cheann de na hionstraimí seo a leanas:

(a) ionstraimí foluiteacha a shanntar do na haicmí risíochtaí dá dtagraítear i bpointe (h) nó i bpointe (i) d'Airteagal 112;

(b) éileamh ar eintiteas sainchuspóireach, arna chomhthaobhú, go díreach nó go hindíreach, le suíomh nach mbeadh incháilithe é féin le cur isteach sa phunann trádála chomhghaoil mhalartach i gcomhréir le mír 6.

8. Féadfaidh institiúidí suíomhanna a chur sa phunann trádála chomhghaoil mhalartach nach suíomhanna urrúsúcháin ná díorthaigh chreidmheasa don n-ú mainneachtain iad ach a fhálaíonn suíomhanna eile sa phunann sin, ar choinníoll go bhfuil margadh leachtach dhá threo, de réir na tuairisce sa dara fomhír de mhír 6, ann don ionstraim sin nó dá ionstraimí foluiteacha.

9. Déanfaidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt d'fhonn sonrú a thabhairt ar an dóigh ina ríomhfaidh na hinstitiúidí ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal margaidh do shuíomhanna leabhar neamhthrádála atá faoi réir priacal malairte eachtraí nó priacal tráchtearraí i gcomhréir leis na cineálacha cur chuige a leagtar amach i bpointe (a) nó i bpointe (b) de mhír 3.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Meán Fómhair 2020.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 325a*

**Díolúintí ó cheanglais shonracha tuairiscithe le haghaidh priacal margaidh**

1. Díolmhófar institiúid ón gceanglas tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 430b, ar choinníoll gur lú gnó na hinstitiúide laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe atá faoi réir priacal margaidh ná gach ceann de na tairseacha seo a leanas, nó go bhfuil siad cothrom leo, ar bhonn measúnú a dhéantar go míosúil, agus na sonraí a úsáid ón lá deireanach den mhí:

(a) 10 % de shócmhainní iomlána na hinstitiúide;

(b) EUR 500 milliún.

2. Déanfaidh institiúidí méid a ngnó laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe atá faoi réir priacal margaidh bunaithe ar shonraí amhail ón lá deireanach de gach mí i gcomhréir leis na ceanglais seo a leanas:

(a) áireofar na suíomhanna go léir a shannfar don leabhar trádála, cé is moite de dhíorthaigh chreidmheasa a aithnítear mar fháluithe inmheánacha ar risíochtaí leabhair neamhthrádála ar phriacal

▼M8

creidmheasa agus idirbhearta díorthaigh chreidmheasa a fhritháiríonn go hiomlán priacal margaidh na bhfáluithe inmheánacha dá dtagraítear in Airteagal 106(3);

(b) cuirfear gach suíomh leabhar neamhthrádála atá faoi réir priacal malairte eachtraí nó tráchtearraí san áireamh;

▼C7

(c) déanfar gach suíomh a luacháil ag a luachanna ar an margadh an dáta sin, seachas na suíomhanna dá dtagraítear i bpointe (b); i gcás nach bhfuil luach margaidh suímh leabhair thrádála ar fáil ar dháta áirithe, déanfaidh institiúidí luach cóir don suíomh leabhair thrádála a ghlacadh ar an dáta sin; i gcás nach bhfuil an luach cóir agus luach margaidh ar shuíomh leabhair thrádála ar fáil ar dháta ar leith, déanfaidh institiúidí an luach is déanaí, cibé an luach margaidh nó an luach cóir, don suíomh sin a ghlacadh;

▼M8

(d) déanfar gach suíomh leabhar neamhthrádála atá faoi réir priacal malairte eachtraí a mheas mar ghlansuíomh foriomlán in airgeadra eachtrach agus a luacháil i gcomhréir le hAirteagal 352;

(e) déanfar gach suíomh leabhar neamhthrádála atá faoi réir priacal tráchtearra a mheas i gcomhréir le hAirteagail 357 agus 358;

(f) déanfar luach absalóideach suíomhanna fada a shuimiú le luach absalóideach suíomhanna gearra.

3. Tabharfaidh institiúidí fógra do na húdaráis inniúla nuair a ríomhfaidh siad a gceanglais cistí dílse le haghaidh priacal margaidh i gcomhréir leis an Airteagal seo, nó nuair a scoirfidh siad de na ceanglais sin a ríomh.

4. Institiúid nach gcomhlíonfaidh a thuilleadh ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 tabharfaidh sí fógra ina leith don údarás inniúil gan mhoill.

5. Scoirfidh an díolúine ó na ceanglais tuairiscithe a leagtar síos in Airteagal 430b d'fheidhm a bheith aici laistigh de thrí mhí de cheachtar de na cásanna seo a leanas:

(a) ní chomhlíonann an institiúid na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (a) nó i bpointe (b) de mhír 1 ar feadh trí mhí as a chéile; nó

(b) níor chomhlíon an institiúid na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (a) nó i bpointe (b) de mhír 1 ar feadh níos mó ná 6 mhí de na 12 mhí dheireanacha.

6. I gcás ina bhfuil institiúid faoi féir na gceanglas tuairiscithe a leagtar síos in Airteagal 430b i gcomhréir le mír 5 den Airteagal seo, ní bheidh an institiúid díolmhaithe ó na ceanglais tuairiscithe sin ach amháin i gcás ina léiríonn sí don údarás inniúil gur comhlíonadh na coinníollacha go léir a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo ar feadh tréimhse bliana iomlán.

7. Ní thiocfaidh institiúid i suíomh ná ní dhéanfaidh sí suíomh a cheannach ná a dhíol, d'aon ghnó, chun ceann ar bith de na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 a chomhlíonadh i rith an mheasúnaithe mhíosúil agus chun na críche sin amháin.

8. Aon institiúid atá incháilithe don láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 94, beidh sí díolmhaithe ón gceanglas tuairiscithe atá leagtha amach in Airteagal 430b.

▼**M8**

*Airteagal 325b*

**Cead i leith ceanglais chomhdhlúite**

1. Faoi réir mhír 2, agus ar mhaithe le glansuíomhanna agus ceanglais cistí dílse a ríomh i gcomhréir leis an Teideal seo ar bhonn comhdhlúite, agus ar mhaithe leis sin amháin, féadfaidh institiúidí suíomhanna in institiúid nó i ngnóthas amháin a úsáid chun suíomhanna in institiúid nó i ngnóthas eile a fhritháireamh.

2. Ní fhéadfaidh institiúidí mír 1 a chur i bhfeidhm ach amháin le cead ó na húdaráis inniúla, cead a thabharfar má chomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá cistí dílse leithdháilte go sásúil laistigh den ghrúpa;

(b) ráthaítear leis an gcreat rialúcháin, dlíthiúil nó conarthach ina bhfeidhmíonn na hinstitiúidí go bhfuil tacaíocht airgeadais fhrith-pháirteach laistigh den ghrúpa.

3. I gcás ina bhfuil na gnóthais suite i dtríú tíortha, comhlíonfar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas i dteannta na gcoinníollacha a leagtar amach i mír 2:

(a) tá na gnóthais sin údaraithe i dtríú tír agus comhlíonann siad an sainmhíniú ar institiúid creidmheasa nó is gnólachtaí infheistíochta aitheanta tríú tír iad;

(b) ar bhonn aonair, comhlíonann na gnóthais sin ceanglais cistí dílse atá coibhéiseach leis na cinn sin a leagtar síos sa Rialachán seo;

(c) níl aon rialacháin sna tríú tíortha atá i gceist a d'fhéadfadh difear suntasach a dhéanamh d'aistriú cistí laistigh den ghrúpa.

*CAIBIDIL 1a*

***An Cur Chuige Caighdeánaithe Malartach***

Roinn 1

**Forálacha ginearálta**

*Airteagal 325c*

**Raon feidhme agus struchtúr an chur chuige mhalartaigh caighdeánaithe**

1. Níor cheart an cur chuige caighdeánaithe malartach mar a leagtar amach sa Chaibidil seo a úsáid ach amháin chun críocha an cheanglais tuairiscithe a leagtar síos in Airteagal 430b(1).

2. Déanfaidh na hinstitiúidí a gceanglais cistí dílse le haghaidh priacal margaidh a ríomh i gcomhréir leis an gcur chuige caighdeánaithe malartach maidir le punann de shuíomhanna sa leabhar trádála agus de shuíomhanna leabhar neamhthrádála atá faoi réir priacal malairte eachtraí nó tráchtearraí mar shuim na dtrí chomhpháirt seo a leanas:

(a) an ceanglas cistí dílse de réir an mhodha íogaireacht-bhunaithe a leagtar amach i Roinn 2;

(b) an ceanglas cistí dílse i gcomhair priacal mainneachtana a leagtar amach i Roinn 5 a bhfuil feidhm aige maidir leis na suíomhanna leabhar trádála dá dtagraítear sa Roinn sin agus leis na suíomhanna sin amháin;

▼**M8**

(c) an ceanglas cistí dílse le haghaidh priacail iarmharacha a leagtar amach i Roinn 4 a bhfuil feidhm aige maidir leis na suíomhanna leabhar trádála dá dtagraítear sa Roinn sin agus leis na suíomhanna sin amháin.

## Roinn 2

## Ceanglas íogaireacht-bhunaithe maidir le cistí dílse a ríomh

*Airteagal 325d*

### Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "aicme priacail" aon cheann de na seacht gcatagóir seo a leanas:

(i) priacal ráta úis ghinearálta;

(ii) priacal um raon difríochta creidmheasa (CSR) le haghaidh neamhurrúsúcháin;

(iii) priacal um raon difríochta creidmheasa le haghaidh urrúsúcháin nach n-áirítear sa phunann trádála neamhchomhghaoil mhalartach (CSR nach mbaineann le hurrúsúcháin ACTP);

(iv) priacal um raon difríochta creidmheasa le haghaidh urrúsúcháin a áirítear sa phunann trádála comhghaoil mhalartach (ACTP CSR);

(v) priacal cothromais;

(vi) priacal tráchtearraí;

(vii) priacal malairte eachtraí;

(2) ciallaíonn "íogaireacht" an t-athrú cóimheasa ar luach suímh, mar thoradh ar athrú ar luach aon cheann d'fhachtóirí priacail ábhartha an tsuímh, a ríomhadh le samhail phraghsála na hinstitiúide i gcomhréir le Foroinn 2 de Roinn 3;

(3) ciallaíonn "buicéad" fochatagóir suíomhanna laistigh d'aicme phriacail amháin a bhfuil próifíl phriacail aige a bhfuil priacal-ualú sannta di mar a shainmhínítear i bhForoinn 1 de Roinn 3.

*Airteagal 325e*

### Comhpháirteanna an mhodha íogaireacht-bhunaithe

1. Déanfaidh institiúidí a gceanglais cistí dílse féin le haghaidh priacal margaidh a ríomh de réir an mhodha íogaireacht-bhunaithe trí na trí cheanglas cistí dílse a chomhiomlánú i gcomhréir le hAirteagal 325h:

(a) ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal deilte lena ngabhtar an priacal go dtiocfaidh athruithe ar luach na hionstraime mar gheall ar ghluaiseachtaí sna fachtóirí priacail neamhluaineachta;

(b) ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal vega lena ngabhtar an priacal go dtiocfaidh athruithe ar luach ionstraime mar gheall ar ghluaiseachtaí sna fachtóirí priacail luaineachta;

(c) ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal cuaire lena ngabhtar an priacal go dtiocfaidh athruithe ar luach ionstraime mar gheall ar ghluaiseachtaí sna príomhfhachtóirí priacail neamhluaineachta a bhaineann le fachtóirí priacail gaolmhara nach ngabhtar le ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal deilte.

▼M8

2. Chun críche an ríomha dá dtagraítear i mír 1,

▼M12

(a) beidh suíomhanna uile aon ionstraimí lena ngabhann roghnaíocht faoi réir na gceanglas cistí dílse dá dtagraítear i bpointí (a), (b) (c) de mhír 1 maidir leis na rioscaí seachas ionstraimí foluiteacha coimhthíocha na n-ionstraimí dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 325u(2);

(b) beidh suíomhanna uile aon ionstraimí gan roghnaíocht faoi réir na gceanglas cistí dílse dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 maidir leis na rioscaí seachas ionstraimí foluiteacha coimhthíocha na n-ionstraimí dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 325u(2),

▼M8

Chun críocha na Caibidle seo, ar na hionstraimí ina bhfuil roghnaíocht tá, i measc ionstraimí eile: glaonna, céadroghanna, caidhpeanna, íosrátaí, roghtálacha, céadroghanna bacainneacha agus céadroghanna coimhthíocha. Measfar gur suíomhanna ar leithligh i roghanna iad roghanna leabaithe, amhail roghanna réamhíocaíochta nó iompraíochta, chun críche ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal margaidh a ríomh.

Chun críocha na Caibidle seo, measfar gur ionstraimí gan roghnaíocht iad ionstraimí ar féidir a sreabhadh airgid thirim a scríobh mar fheidhm líneach de mhéid barúlach an fholuitigh.

▼M12

3. De mhaolú ar phointe (b) de mhír 2, féadfaidh institiúid a roghnú suíomhanna uile ionstraimí gan roghnaíocht a chur faoi réir na gceanglas cistí dílse dá dtagraítear i bpointí (a) agus (c) de mhír 1.

Tabharfaidh aon institiúid a roghnaíonn an cur chuige a leagtar amach sa chéad fhomhír a úsáid fógra dá húdarás inniúil 3 mhí ar a laghad roimh an gcéad úsáid. Tar éis na 3 mhí sin a bheith caite agus ar choinníoll nach ndearna an t-údarás inniúil agóid ina choinne, féadfaidh an institiúid an cur chuige sin a úsáid go dtí go gcuirfidh an t-údarás inniúil an institiúid ar an eolas nach bhfuil cead aici a thuilleadh é a dhéanamh.

Aon institiúid ar mian léi scor den chur chuige a leagtar amach sa chéad fhomhír a úsáid, tabharfaidh sí fógra dá húdarás inniúil 3 mhí ar a laghad sula scorfaidh sí den úsáid sin. Féadfaidh an institiúid scor den chur chuige sin a chur i bhfeidhm, ach amháin má rinne an t-údarás inniúil agóid laistigh den tréimhse 3 mhí sin.

▼M8

*Airteagal 325f*

**Ceanglais cistí dílse maidir le priacail deilte agus vega**

1. Cuirfidh institiúidí na fachtóirí priacail deilte agus vega i bhfeidhm mar a thuairiscítear i bhForoinn 1 de Roinn 3 chun ceanglais cistí dílse le haghaidh priacail deilte agus vega a ríomh.

2. Cuirfidh institiúidí an próiseas i bhfeidhm mar a leagtar amach i míreanna 3 go 8 chun ceanglais cistí dílse le haghaidh priacail deilte agus vega a ríomh.

▼**M8**

3. Maidir le gach aicme phriacail, déanfar íogaireacht na n-ionstraimí uile faoi raon feidhme na gceanglas cistí dílse le haghaidh priacail deilte nó vega ar gach fachtóir priacail deilte nó vega is infheidhme atá san áireamh san aicme phriacail sin, déanfar sin a ríomh trí na foirmlí comhfhreagracha i bhForoinn 2 de Roinn 3 a úsáid. Má bhíonn luach ionstraime ag brath ar an iliomad fachtóirí priacail, déanfar an íogaireacht a chinneadh ar leithligh maidir le gach fachtóir priacail.

4. Déanfar íogaireachtaí a shannadh do cheann amháin de na buicéid "b" laistigh de gach aicme phriacail.

5. Laistigh de gach buicéad "b", déanfar na híogaireachtaí deimhneacha agus diúltacha a ghlanluacháil, as a dtagann glaníogaireachtaí ($s_k$) ar gach fachtóir priacail k laistigh de bhuicéad.

6. Déanfar na glaníogaireachtaí ar gach fachtóir priacail laistigh de gach buicéad a iolrú faoi na hualuithe priacail chomhfhreagracha mar a leagtar amach i Roinn 6, as a dtiocfaidh íogaireachtaí ualaithe ar gach fachtóir priacail laistigh den bhuicéad sin i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$WS_k = RW_k \cdot s_k$$

nuair:

WSk = na híogaireachtaí ualaithe;

RWk = na hualuithe priacail; agus

sk = an fachtóir priacail.

7. Déanfar na híogaireachtaí ualaithe ar na fachtóirí priacail difriúla laistigh de gach buicéad a chomhiomlánú i gcomhréir leis an bhfoirmle thíos, mar a socraítear íosteorainn an mhéid laistigh den fheidhm fréimhe cearnaí ag nialas, as a dtagann an íogaireacht bhuicéad-shonrach. Úsáidfear na comhghaolta comhfhreagracha maidir le híogaireachtaí ualaithe laistigh den bhuicéad céanna (ρkl), a leagtar amach i Roinn 6.

$$K_b = \sqrt{\sum_k WS_k^2 + \sum_k \sum_{k \neq l} \rho_{kl} WS_k WS_l}$$

nuair:

$K_b$ = an íogaireacht bhuicéad-shonrach; agus

WS = na híogaireachtaí ualaithe.

8. Déanfar an íogaireacht bhuicéad-shonrach a ríomh maidir le gach buicéad atá laistigh d'aicme phriacail i gcomhréir le mír 5, mír 6 agus mír 7. Nuair a ríomhfar an íogaireacht bhuicéad-shonrach i leith na mbuicéad go léir, déanfar íogaireachtaí ualaithe ar gach fachtóir priacail a chomhiomlánú i gcomhréir leis an bhfoirmle thíos, trí na comhghaolta comhfhreagracha γbc maidir le híogaireachtaí ualaithe i mbuicéad difriúla a úsáid mar a leagtar amach i Roinn 6, as a dtagann an ceanglas cistí dílse a bhaineann go sonrach le haicme phriacail do phriacal deilte nó vega:

$$\text{Ceanglas cistí dílse a bhaineann go sonrach le haicme phriacail do phriacal deilte nó vega} = \sqrt{\sum_b K_b^2 + \sum_b \sum_{c \neq b} \gamma_{bc} S_b S_c}$$

▼M8

nuair:

▼C7

$S_b$ = Σk WSk atá maidir le gach fachtóir priacail i mbuicéad b agus Sc = Σk i mbuicéad c; i gcás ina ngineann suim luachanna Sb agus Sc uimhir dhiúltach mar shuim fhoriomlán $\sum_b K_b^2 + \sum_b \sum_c \neq b\gamma_{bc} S_b S_c$, déanfaidh an institiúid ceanglais cistí dílse a bhaineann go sonrach le haicme phriacail do phriacal deilte nó vega ar leith a ríomh trí úsáid a bhaint as sonrú malartach i gcás ina bhfuil

▼M8

$S_b$ = max [min ($\Sigma_k$ $WS_k$, $K_b$), – $K_b$] maidir le gach fachtóir priacail i mbuicéad b, agus

$S_c$ = max [min ($\Sigma_k$ $WS_k$, $K_c$), – $K_c$] maidir le gach fachtóir priacail i mbuicéad c.

Déanfar na ceanglais cistí dílse le haghaidh priacail deilte nó vega a bhaineann go sonrach le haicme phriacail ar leith a ríomh maidir le gach aicme phriacail i gcomhréir le míreanna 1 go 8.

▼M12

*Airteagal 325g*

**Ceanglas cistí dílse i gcomhair riosca cuaire**

1. Déanfaidh institiúidí na ríomhanna a leagtar síos i mír 2 maidir le fachtóirí riosca uile na n-ionstraimí atá faoi réir an cheanglais cistí dílse i gcomhair riosca cuaire, cé is moite de na fachtóirí riosca dá dtagraítear i mír 3.

Maidir le fachtóir riosca ar leith, déanfaidh institiúidí na ríomhanna sin ar bhonn glan thar shuíomhanna uile na n-ionstraimí atá faoi réir an cheanglais cistí dílse i gcomhair riosca cuaire a bhfuil an fachtóir riosca sin ann.

2. Maidir le fachtóir riosca k ar leith a áirítear in ionstraim amháin nó níos mó dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh institiúidí suíomh riosca cuaire aníos an fhachtóra riosca sin ($CVR_k^+$) agus glansuíomh riosca cuaire síos an fhachtóra riosca sin a ríomh ($CVR_k^-$) mar a leanas:

$$CVR_k^+ = -\sum_i CVR_{ik}^+$$

$$CVR_k^- = -\sum_i CVR_{ik}^-$$

$$CVR_{ik}^+ = V_i\left(x_k^{RW(Curvature)^+}\right) - V_i(x_k) - RW_k^{Curvature} \times s_{ik}$$

$$CVR_{ik}^- = V_i\left(x_k^{RW(Curvature)^-}\right) - V_i(x_k) + RW_k^{Curvature} \times s_{ik}$$

▼M12

arna shloinneadh mar a leanas:

i = an t-innéacs lena gcuirtear suíomhanna uile na n-ionstraimí dá dtagraítear i mír 1 in iúl agus lena n-áirítear fachtóir riosca k;

$x_k$ = luach reatha fhachtóir riosca k;

$V_i x_k$ = luach ionstraim i mar a mheastar le samhail phraghsála na hinstitiúide bunaithe ar luach reatha fhachtóir riosca k;

$V_i\left(x_k^{RW(Curvature)+}\right)$ = luach ionstraim i mar a mheastar le samhail phraghsála na hinstitiúide bunaithe ar athrú aníos ar luach fhachtóir riosca k;

$V_i\left(x_k^{RW(Curvature)-}\right)$ = luach ionstraim i mar a mheastar le samhail phraghsála na hinstitiúide bunaithe ar athrú anuas ar luach fhachtóir riosca k;

$RW_k^{Curvature}$ = an t-ualú riosca is infheidhme maidir le fachtóir riosca k arna chinneadh i gcomhréir le Roinn 6;

$s_{ik}$ = íogaireacht deilte ionstraim i maidir le fachtóir riosca k, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 325r.

3. De mhaolú ar mhír 2, maidir le cuar fachtóirí riosca a bhaineann le riosca ráta úis ginearálta (GIRR), riosca um raon difríochta creidmheasa (CSR) agus aicmí riosca tráchtearraí, déanfaidh institiúidí na ríomhanna a leagtar síos i mír 6 ar leibhéal an chuair iomláin seachas ar leibhéal gach fachtóra riosca a bhaineann leis an gcuar.

Chun críocha an ríomha dá dtagraítear i mír 2, i gcás inar cuar d'fhachtóirí riosca é $x_k$ a leithdháiltear ar aicmí riosca GIRR, CSR agus ar aicmí tráchtearraí, is é a bheidh ann $s_{ik}$ ná suim na n-íogaireachtaí deilte ar fhachtóir riosca an chuair thar aibíochtaí uile an chuair.

4. Chun ceanglas cistí dílse ar leibhéal an bhuicéid i gcomhair riosca cuaire a chinneadh, déanfaidh institiúidí na suíomhanna riosca cuaire aníos agus anuas, arna ríomh i gcomhréir le mír 2, a chomhiomlánú, i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas, maidir leis na fachtóirí riosca uile arna sannadh don bhuicéad sin i gcomhréir le FoRoinn 1 de Roinn 3:

▼**M12**

$$K_b = \begin{cases} max(K_b^+, K_b^-), & \text{where } K_b^+ \neq K_b^- \\ K_b^+, & \text{where } K_b^+ = K_b^- \text{ and } \sum_k CVR_k^+ > \sum_k CVR_k^- \\ K_b^-, & \text{otherwise} \end{cases}$$

arna shloinneadh mar a leanas:

$b$ = an t-innéacs a sheasann do bhuicéad d’aicme riosca ar leith;

$K_b$ = ceanglais cistí dílse maidir le riosca cuaire do bhuicéad b;

$$K_b^+ = \sqrt{max\left(0, \sum_k max(CVR_k^+, 0)^2 + \sum_{l \neq k} \sum_k \rho_{kl}\, CVR_k^+ CVR_l^+ \psi(CVR_k^+, CVR_l^+)\right)};$$

$$K_b^- = \sqrt{max\left(0, \sum_k max(CVR_k^-, 0)^2 + \sum_{l \neq k} \sum_k \rho_{kl}\, CVR_k^- CVR_l^- \psi(CVR_k^-, CVR_l^-)\right)};$$

$$\psi(x, y) = \begin{cases} 0, & \text{where } x < 0 \text{ and } y < 0 \\ 1, & \text{otherwise} \end{cases};$$

$\rho_{kl}$ = na comhghaolta laistigh de bhuicéad idir fachtóirí riosca k agus l mar a leagtar síos i Roinn 6;

$k, l$ = na hinnéacsanna a sheasann d’fhachtóirí riosca uile na n-ionstraimí dá dtagraítear i mír 1 a shanntar do bhuicéad b;

$(CVR_k^+)$ = suíomh an ghlanriosca cuaire aníos;

$(CVR_k^-)$ = suíomh an ghlanriosca cuaire anuas.

5. De mhaolú ar mhír 4, maidir leis na ceanglais cistí dílse ar leibhéal an bhuicéid maidir le riosca cuaire bhuicéad 18 d’Airteagal 325ah, de bhuicéad 18 d’Airteagal 325ak, de bhuicéad 25 d’Airteagal 325am agus de bhuicéad 11 d’Airteagal 325ap, úsáidfear an fhoirmle seo a leanas:

$$K_b = max\left(\sum_k max(CVR_k^+, 0), \sum_k max(CVR_k^-, 0)\right)$$

6. Déanfaidh institiúidí na ceanglais cistí dílse ó aicmí riosca i gcomhair riosca cuaire (RCCR) a ríomh trí na ceanglais cistí dílse uile ar leibhéal an bhuicéid i gcomhair riosca cuaire a chomhiomlánú mar a leanas:

$$RCCR = \sqrt{max\left(0, \sum_b K_b^2 + \sum_{c \neq b} \sum_b \gamma_{bc} S_b S_c\, \psi(S_b, S_c)\right)}$$

▼M12

arna shloinneadh mar a leanas:

$b, c$ = na hinnéacsanna a sheasann do na buicéid uile d'aicme riosca ar leith a chomhfhreagraíonn do na hionstraimí dá dtagraítear i mír 1;

$K_b$ = ceanglais cistí dílse maidir le riosca cuaire do bhuicéad b;

$$S_b = \begin{cases} \sum_k CVR_k^+, & \text{where } K_b = K_b^+ \text{ in accordance with paragraph 4} \\ \sum_k CVR_k^-, & \text{otherwise} \end{cases};$$

$$\psi(x, y) = \begin{cases} 0, & \text{where } x < 0 \text{ and } y < 0 \\ 1, & \text{otherwise} \end{cases};$$

$\gamma_{bc}$ = na comhghaolta idir buicéid, idir buicéid b agus c mar a leagtar amach i Roinn 6.

7. Is é a bheidh sa cheanglas cistí dílse i gcomhair riosca cuaire ná suim na gceanglas cistí dílse d'aicme riosca i gcomhair riosca cuaire arna ríomh i gcomhréir le mír 6 thar gach aicme riosca lena mbaineann fachtóir riosca amháin ar a laghad de na hionstraimí dá dtagraítear i mír 1.

▼M8

*Airteagal 325h*

**Ceanglais cistí dílse a chomhiomlánú a bhaineann go sonrach le haicme phriacail ar leith le haghaidh priacail deilte, vega agus cuaire**

1. Comhiomlánóidh institiúidí ceanglais cistí dílse a bhaineann go sonrach le haicme phriacail ar leith le haghaidh na bpriacal deilte, vega agus cuaire i gcomhréir leis an bpróiseas a leagtar amach i míreanna 2, 3 agus 4.

2. An próiseas chun ceanglais cistí dílse a bhaineann go sonrach le haicmí priacail deilte, vega agus cuaire ar leith a ríomh mar a thuairiscítear in Airteagail 325f agus 325g, déanfar an próiseas sin trí huaire le haghaidh gach aicme phriacail, trí thacar paraiméadar comhghaoil difriúil a úsáid gach uair $\rho_{kl}$ (an comhghaol idir fachtóirí priacail laistigh de bhuicéad) agus $\gamma_{bc}$ (an comhghaol idir buicéid laistigh d'aicme phriacail). Beidh gach ceann de na trí thacar sin comhfhreagrach le cás difriúil, mar a leanas:

(a) cás "na meán-chomhghaolta", trína bhfágfar nach mbíonn aon difríocht idir na paraiméadair comhghaoil $\rho_{kl}$ agus $\gamma_{bc}$ a shonraítear i Roinn 6;

(b) "cás na gcomhghaolta arda", trína ndéanfar na paraiméadair comhghaoil $\rho_{kl}$ agus $\gamma_{bc}$ a shonraítear i Roinn 6 a iolrú go haonfhoirmeach faoi 1,25, agus beidh $\rho_{kl}$ agus $\gamma_{bc}$ faoi réir uasteorainn 100 %.

▼M12

(c) "cás na gcomhghaolta ísle", trína ndéantar na paraiméadair chomhghaoil $\rho_{kl}$ agus $\gamma_{bc}$ a shonraítear i Roinn 6 a ionadú le $\rho_{kl}^{low} = max(2 \cdot \rho_{kl} - 100\ \%;\ 75\ \% \cdot \rho_{kl})$ agus $\gamma_{bc}^{low} = max(2 \cdot \gamma_{bc} - 100\ \%;\ 75\ \% \cdot \gamma_{bc})$, faoi seach

▼M8

3. Ríomhfaidh na hinstitiúidí na ceanglais cistí dílse a bhaineann go sonrach le haicmí priacail deilte, vega agus cuaire ar leith maidir le gach cás chun trí cheanglas cistí dílse cás-sonracha a chinneadh.

4. Is éard a bheidh sa cheanglas cistí dílse faoin modh íogaireacht-bhunaithe an ceann is airde de na trí cheanglas cistí dílse cás-sonracha dá dtagraítear i mír 3.

▼M12

*Airteagal 325i*

**Ionstraimí innéacs agus ionstraimí il-fholuiteacha eile a láimhseáil**

1. Úsáidfidh institiúidí cur chuige trébhreathnaitheach le haghaidh ionstraimí innéacs agus ionstraimí il-fholuiteacha eile i gcomhréir leis na nithe seo a leanas:

(a) chun críocha ceanglais cistí dílse i gcomhair riosca deilte agus riosca cuaire a ríomh, measfaidh institiúidí go bhfuil suíomhanna aonair ina seilbh go díreach i gcomhpháirteanna foluiteacha an innéacs nó ionstraimí il-fholuiteacha eile, ach amháin maidir le suíomh in innéacs a áirítear san ACTP a ndéanfaidh siad íogaireacht aonair ar an innéacs a ríomh ina leith;

(b) lamháiltear d'institiúidí na híogaireachtaí ar fhachtóir riosca atá ina chomhpháirt d'ionstraim innéacs nó d'ionstraim il-fholuiteach eile a ghlanluacháil leis na híogaireachtaí ar an bhfachtóir riosca céanna den chomhpháirt chéanna d'ionstraimí aonainm, cé is moite de shuíomhanna a áirítear san ACTP;

(c) chun críocha ceanglais cistí dílse i gcomhair riosca véige a ríomh, féadfaidh institiúidí a mheas go bhfuil suíomhanna aonair i gcomh-chodanna foluiteacha an innéacs nó ionstraim il-fholuiteach eile ina seilbh dhíreach acu, nó féadfaidh siad íogaireacht aonair a ríomh maidir le hionstraim fholuiteach na hionstraime sin. Sa dara cás, déanfaidh institiúidí an íogaireacht aonair a shannadh don bhuicéad ábhartha mar a leagtar amach i bhFoRoinn 1 de Roinn 6 mar a leanas:

(i) i gcás ina ndéanfaí níos mó ná 75 % de na comhpháirteanna san innéacs sin a mhapáil ar an mbuicéad céanna, agus ualuithe an innéacs sin á gcur san áireamh, déanfaidh institiúidí an íogai-reacht a shannadh don bhuicéad sin agus déanfaidh siad í a láimhseáil mar íogaireacht aonainm sa bhuicéad sin;

▼**M12**

(ii) i ngach cás eile, déanfaidh institiúidí an íogaireacht a shannadh don bhuicéad innéacs ábhartha.

2. De mhaolú ar phointe (a) de mhír 1, féadfaidh institiúidí íogaireacht aonair ar shuíomh i gcothromas nó in innéacs creidmheasa liostaithe a ríomh chun críocha na gceanglas cistí dílse i gcomhair rioscaí deilte agus cuaire a ríomh ar choinníoll go gcomhlíonann an cothromas liostaithe nó an t-innéacs creidmheasa na coinníollacha a leagtar amach i mír 3. Sa chás sin, déanfaidh institiúidí an íogaireacht aonair a shannadh don bhuicéad ábhartha mar a leagtar amach i bhFoRoinn 1 de Roinn 6 mar a leanas:

(a) i gcás ina ndéanfaí níos mó ná 75 % de na comhpháirteanna san innéacs liostaithe sin a mhapáil ar an mbuicéad céanna, agus ualuithe an innéacs liostaithe sin á gcur san áireamh, déanfar an íogaireacht sin a shannadh don bhuicéad sin agus déanfar í a láimhseáil mar íogaireacht aonainm sa bhuicéad sin;

(b) i ngach cás eile, déanfaidh institiúidí an íogaireacht a shannadh don bhuicéad innéacs liostaithe ábhartha.

3. Féadfaidh institiúidí an cur chuige a leagtar amach i mír 2 a úsáid maidir le hionstraimí lena ndéantar tagairt do chothromas liostaithe nó d'innéacs creidmheasa i gcás ina gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá na comhpháirteanna den innéacs liostaithe agus a n-ualuithe faoi seach san innéacs sin ar eolas;

(b) tá 20 comhpháirt ar a laghad san innéacs liostaithe;

(c) ní hionann aon chomhpháirt aonair laistigh den innéacs liostaithe agus os cionn 25 % de chaipitliú margaidh iomlán an innéacs sin;

(d) ní hionann aon tacar ina bhfuil an deichiú cuid de líon iomlán chomhpháirteanna an innéacs liostaithe, arna chothromú suas go dtí an chéad slánuimhir eile, agus os cionn 60 % de chaipitliú margaidh iomlán an innéacs sin;

(e) ní lú ná EUR 40 billiún caipitliú margaidh iomlán chomhpháirteanna uile an innéacs liostaithe.

4. Ní úsáidfidh aon institiúid, go comhsheasmhach le himeacht ama, ach an cur chuige a leagtar amach i mír 1 nó an cur chuige a leagtar amach i mír 2 le haghaidh na n-ionstraimí uile lena ndéantar tagairt do chothromas liostaithe nó d'innéacs creidmheasa a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i mír 3. Beidh ar institiúid cead a fháil roimh ré ón údarás inniúil sula n-aistreoidh sí ó chur chuige amháin go ceann eile.

5. Maidir le hinnéacs nó ionstraim il-fholuiteach eile, bainfear leas as ionchuir íogaireachta comhsheasmhacha i gcomhair rioscaí deilte agus cuaire a ríomh, gan beann ar na cineálacha cur chuige a úsáidfear i gcomhair na hionstraime sin.

6. Beidh innéacs nó ionstraimí il-fholuiteacha a iompraíonn rioscaí iarmharacha eile amhail dá dtagraítear in Airteagal 325u(5) faoi réir an fhorlíontáin riosca iarmharaigh dá dtagraítear i Roinn 4.

▼M12

*Airteagal 325j*

**Láimhseáil gnóthas comhinfheistíochta**

1. Déanfaidh institiúid a ceanglais cistí dílse i gcomhair riosca margaidh suímh in GC a ríomh, agus ceann amháin de na cineálacha cur chuige seo a leanas á úsáid aici:

(a) i gcás inar féidir le hinstitiúid faisnéis leordhóthanach a fháil faoi neamhchosaintí foluiteacha aonair an GC, déanfaidh an institiúid na ceanglais cistí dílse i gcomhair riosca margaidh an tsuímh GC sin a ríomh trí bhreathnú ar aghaidh i dtreo shuíomhanna foluiteacha an GC amhail is dá mbeadh na suíomhanna sin i seilbh dhíreach na hinstitiúide;

(b) i gcás nach bhfuil an institiúid in ann faisnéis leordhóthanach a fháil faoi neamhchosaintí foluiteacha aonair an GC, ach go bhfuil eolas ag an institiúid faoi inneachar shainordú an GC agus gur féidir praghsanna luaite laethúla an GC a fháil, ríomhfaidh an institiúid na ceanglais cistí dílse i gcomhair riosca margaidh shuíomh an GC sin trí cheann amháin de na cineálacha cur chuige seo a leanas a úsáid:

(i) féadfaidh an institiúid an suíomh sa GC a mheas mar shuíomh cothromais aonair arna leithdháileadh ar an mbuicéad “earnáil eile” i dTábla 8 d’Airteagal 325ap(1);

(ii) a luaithe a gheobhaidh sí cead óna húdarás inniúil, féadfaidh institiúid ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh an GC a ríomh i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar síos i sainordú an GC agus sa dlí ábhartha;

(c) i gcás nach gcomhlíonann an institiúid na coinníollacha i bpointe (a) ná i bpointe (b), leithdháilfidh an institiúid an GC ar an leabhar neamhthrádála.

Aon institiúid a úsáideann ceann de na cineálacha cur chuige a leagtar amach i bpointe (b), cuirfidh sí i bhfeidhm an ceanglas cistí dílse i gcomhair an riosca mainneachtana a leagtar amach i Roinn 5 den Chaibidil seo agus an forlíontán riosca iarmharaigh a leagtar amach i Roinn 4 den Chaibidil seo i gcás ina dtugtar le tuiscint le sainordú an GC go mbeidh roinnt neamhchosaintí sa GC faoi réir na gceanglas cistí dílse sin.

Aon institiúid a úsáideann an cur chuige a leagtar amach i bpointe (ii) de phointe (b), féadfaidh sí na ceanglais cistí dílse i gcomhair riosca creidmheasa contrapháirtí agus na ceanglais cistí dílse i gcomhair riosca coigeartaithe luachála creidmheasa maidir le suíomhanna díorthach an GC a ríomh, agus úsáid á baint as an gcur chuige simplithe a leagtar amach i mír 3 d’Airteagal 132a.

2. De mhaolú ar mhír 1, i gcás ina bhfuil suíomh in GC ag institiúid ar GC é a rianaíonn tagarmharc innéacs ionas go mbeidh an difríocht toraidh bhliantúlaithe idir an GC agus tagarmharc an innéacs rianaithe thar an 12 mhí roimhe sin faoi bhun 1 % i ndearbhthéarmaí, gan beann ar tháillí agus ar choimisiúin, féadfaidh an institiúid sin an suíomh sin a láimhseáil mar shuíomh sa tagarmharc innéacs rianaithe. Déanfaidh institiúid comhlíonadh an choinníll sin a fhíorú nuair a rachaidh an institiúid i mbun an tsuímh agus, ina dhiaidh sin, uair amháin sa bhliain ar a laghad.

▼M12

I gcás nach bhfuil sonraí don 12 mhí dheireanacha ar fáil ina n-iomláine, áfach, féadfaidh institiúid, ach cead a fháil ó údarás inniúil na hinstitiúide, difríocht toraidh bhliantúlaithe ó thréimhse is giorra ná 12 mhí a úsáid.

3. Féadfaidh institiúid úsáid a bhaint as teaglaim de na cineálacha cur chuige dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) de mhír 1 le haghaidh a cuid suíomhanna in GCanna. Ní úsáidfidh institiúid, áfach, ach ceann amháin de na cineálacha cur chuige sin i gcomhair na suíomhanna uile sa GC céanna.

4. Chun críocha phointe (b) de mhír 1, déanfaidh institiúid na ríomhanna faoi na forálacha seo a leanas:

(a) chun críocha an ceanglas cistí dílse a ríomh faoin modh íogaireacht-bhunaithe a leagtar amach i Roinn 2 den Chaibidil seo, glacfaidh an GC suíomh ar dtús a mhéid is ceadmhach faoina shainordú nó faoin dlí ábhartha sna neamhchosaintí lena mbaineann na ceanglais cistí dílse is airde a leagtar amach faoin Roinn sin agus ina dhiaidh sin leanfaidh sé de shuíomhanna a ghlacadh in ord íslitheach go dtí go sroichfear uasteorainn an chaillteanais iomláin;

(b) chun críocha na gceanglas cistí dílse i gcomhair riosca mainneachtana a leagtar amach i Roinn 5 den Chaibidil seo, glacfaidh an GC suíomh ar dtús a mhéid is ceadmhach faoina shainordú nó faoin dlí ábhartha sna neamhchosaintí lena mbaineann na ceanglais cistí dílse is airde a leagtar amach faoin Roinn sin agus ina dhiaidh sin leanfaidh sé de shuíomhanna a ghlacadh in ord íslitheach go dtí go mbainfear amach uasteorainn an chaillteanais iomláin;

(c) cuirfidh an GC giaráil i bhfeidhm a mhéid is ceadmhach faoina shainordú nó faoin dlí ábhartha, i gcás inarb infheidhme.

Déanfar na ceanglais cistí dílse maidir le gach suíomh sa GC céanna a n-úsáidtear na ríomhanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír ina leith a ríomh ar bhonn aonair mar phunann ar leithligh, agus úsáid á baint as an gcur chuige a leagtar amach sa Chaibidil seo.

5. Ní fhéadfaidh institiúid na cineálacha cur chuige dá dtagraítear i bpointe (a) nó i bpointe (b) de mhír 1 a úsáid ach amháin i gcás ina gcomhlíonann an GC na coinníollacha go léir a leagtar amach in Airteagal 132(3) agus i bpointe (a) d’Airteagal 132(4).

▼M8

*Airteagal 325k*

**Suíomhanna frithgheallta**

1. Féadfaidh institiúidí úsáid a bhaint as an bpróiseas a leagtar amach san Airteagal seo chun ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal margaidh maidir le suíomhanna frithgheallta ionstraimí fiachais nó cothromais a ríomh.

▼M8

2. Déanfaidh institiúidí ceann amháin de na fachtóirí iolraithe iomchuí arna liostú i dTábla 1 a chur i bhfeidhm ar ghlaníogaireachtaí na suíomhanna frithgheallta i ngach eisitheoir aonair, seachas na suíomhanna frithgheallta a ndéantar a shuibscríobh nó a fho-fhrithghealladh ag tríú páirtithe ar bhonn comhaontuithe foirmiúla, agus déanfaidh siad na ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal margaidh a ríomh i gcomhréir leis an gcur chuige a leagtar amach sa Chaibidil seo ar bhonn na nglaníogaireachtaí coigeartaithe.

*Tábla 1*

| | |
|---|---|
| Lá gnó 0 | 0 % |
| Lá gnó 1 | 10 % |
| Lá gnó 2 agus 3 | 25 % |
| Lá gnó 4 | 50 % |
| Lá gnó 5 | 75 % |
| Tar éis lá gnó 5 | 100 % |

Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn "lá gnó 0" an lá gnó ar a dtabharfaidh an institiúid gealltanas gan choinníoll glacadh le líon áirithe urrús ar phraghas comhaontaithe.

3. Tabharfaidh institiúidí fógra do na húdaráis inniúla maidir le cur i bhfeidhm an phróisis a leagtar amach san Airteagal seo.

## Roinn 3

## Sainmhínithe ar fhachtóirí priacail agus ar íogaireacht

### Foroinn 1

### Sainmhínithe ar fhachtóirí priacail

*Airteagal 325l*

**Fachtóirí priacail i dtaca le ráta úis ginearálta**

1. Maidir leis na fachtóirí priacail i dtaca le ráta úis ginearálta, lena n-áirítear priacal bolscaireachta agus priacal trasairgeadra-bhunaithe, beidh buicéad amháin in aghaidh an airgeadra a bhfuil cineálacha difriúla fachtóir priacail i ngach ceann acu.

Is éard a bheidh sna fachtóirí priacail deilte i dtaca le rátaí úis ginearálta mar is infheidhme maidir le hionstraimí atá íogair ar rátaí úis na rátaí ábhartha saor ó phriacal in aghaidh an airgeadra agus in aghaidh gach ceann de na haibíochtaí seo a leanas: 0,25 bliain, 0.5 bliain, 1 bhliain, 2 bhliain, 3 bliana, 5 bliana, 10 mbliana, 15 bliana, 20 bliain, 30 bliain. Déanfaidh institiúidí fachtóirí priacail a shannadh do na reanna a shonraítear trí idirshuíomh líneach nó trí mhodh a úsáid is mó atá comhsheasmhach leis na feidhmeanna praghsála a úsáidtear le feidhm rialaithe phriacail neamhspleách na hinstitiúide chun priacal margaidh nó brabúis agus caillteanais a thuairisciú chun na bainistíochta sinsearaí.

2. Gheobhaidh na hinstitiúidí na rátaí saor ó phriacal in aghaidh an airgeadra ó ionstraimí margaidh airgid atá i leabhar trádála na hinstitiúide ag a bhfuil an priacal creidmheasa is ísle, amhail babhtálacha innéacsanna thar oíche.

▼M8

3. I gcás nach bhféadann institiúid an cur chuige dá dtagraítear i mír 2 a chur i bhfeidhm, bunófar na rátaí saor ó phriacal ar chuar babhtála intuigthe ón margadh amháin nó níos mó ná sin chun suíomhanna ar an margadh a mharcáil, amhail cuar babhtála ráta a thairgtear idir bainc.

I gcás nach leordhóthanach na sonraí maidir le cuara babhtála intuigthe ón margadh ar a bhfuil tuairisc i mír 2 agus sa chéad fhomhír den mhír sin, féadfar na rátaí saor ó phriacal a dhíorthú ón gcuar banna ceannais is oiriúnaí maidir le hairgeadra ar leith.

I gcás ina n-úsáideann institiúidí fachtóirí priacail ráta úis ghinearálta a dhíorthaítear i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach sa dara fomhír den mhír sin maidir le hionstraimí fiachais cheannasaigh, ní bheidh díolúine ag an ionstraim fiachais cheannasaigh ón gceanglas cistí maidir le priacal um raon difríochta creidmheasa. Sna cásanna sin, nuair nach féidir an ráta saor ó phriacal a scaradh ó chomhpháirt an raoin difríochta, déanfar an íogaireacht ar an bhfachtóir priacail sin a leithdháileadh ar phriacal ráta úis ghinearálta agus ar aicmí priacail um raon difríochta.

4. I gcás fachtóirí priacail i dtaca le ráta úis ginearálta, is buicéad ar leithligh a bheidh i ngach airgeadra. Sannfaidh institiúidí fachtóirí priacail laistigh den bhuicéad céanna, ach beidh aibíochtaí difriúla ag gabháil leo, ualú priacail difriúil, i gcomhréir le Roinn 6.

Cuirfidh institiúidí fachtóirí priacail breise le haghaidh priacal boilscithe i bhfeidhm ar ionstraimí fiachais a bhfuil a sreabhadh airgid thirim ag brath go feidhmeach ar rátaí boilscithe. Is éard a bheidh sna fachtóirí priacail breise sin veicteoir amháin de rátaí boilscithe intuigthe ón margadh a bhfuil aibíochtaí difriúla acu in aghaidh an airgeadra. Maidir le gach ionstraim, beidh sa veicteoir a mhéid comhpháirteanna agus a bhfuil de rátaí boilscithe ann a úsáidtear mar athróga le samhail phraghsála na hinstitiúide don ionstraim sin.

5. Déanfaidh institiúidí íogaireacht na hionstraime ar an bhfachtóir priacail breise le haghaidh priacal boilscithe dá dtagraítear i mír 4 a ríomh mar athrú ar luach na hionstraime, i gcomhréir lena samhail phraghsála, mar thoradh ar athrú 1 phointe boinn amháin i ngach ceann de chomhpháirteanna an veicteora. Buicéad ar leith a bheidh i ngach airgeadra. Laistigh de gach buicéad, déanfaidh institiúidí an boilsciú a láimhseáil mar fhachtóir priacail aonair, gan beann ar an líon comhpháirteanna i ngach veicteoir. Déanfaidh institiúidí gach íogaireacht ar bhoilsciú a fhritháireamh laistigh de bhuicéad, arna ríomh mar a thuairiscítear sa mhír seo, chun críche glaníogaireacht amháin in aghaidh an bhuicéid a chur faoi deara.

6. Beidh ionstraimí fiachais a bhaineann le híocaíochtaí in airgeadraí difriúla faoi réir freisin ag priacal trasairgeadra-bhunaithe idir na hairgeadraí sin. Chun críocha an mhodha íogaireacht-bhunaithe, is éard a bheidh sna fachtóirí priacail a bheidh le cur i bhfeidhm ag na hinstitiúidí na priacail trasairgeadra-bhunaithe ar bhonn de réir dollar SAM nó ar bhonn de réir euro. Déanfaidh institiúidí boinn thrasairgeadra nach mbaineann le bonn de réir USD nó bonn de réir euro a ríomh ‘ar bhonn de réir dollar SAM nó “ar bhonn de réir euro”.

Is éard a bheidh sna fachtóirí ar bhonn trasairgeadra sin veicteoir amháin de rátaí boilscithe intuigthe ón margadh ag a bhfuil aibíochtaí difriúla acu in aghaidh an airgeadra. Maidir le gach ionstraim fiachais,

▼M8

beidh sa veicteoir a mhéid comhpháirteanna agus a bhfuil de bhoinn thrasairgeadra ann a úsáidtear mar athróga le samhail phraghsála don ionstraim sin. Buicéad difriúil a bheidh i ngach airgeadra.

Déanfaidh institiúidí íogaireacht na hionstraime ar an bhfachtóir ar bhonn trasairgeadra a ríomh mar athrú ar luach na hionstraime, i gcomhréir lena samhail phraghsála, mar thoradh ar athrú 1 phointe boinn amháin i ngach ceann de chomhpháirteanna an veicteora. Buicéad ar leith a bheidh i ngach airgeadra. Laistigh de gach buicéad beidh dhá fhachtóir priacail fhéideartha éagsúla: bonn de réir euro agus bonn de réir dollar SAM, gan beann ar an líon comhpháirteanna a bhíonn i ngach veicteoir lena bhfuil bonn trasairgeadra. Ní bheidh níos mó ná dhá ghlaníogaireacht i ngach buicéad.

7. Na fachtóirí priacail vega i dtaca le ráta úis ginearálta is infheidhme maidir le céadroghanna lena mbaineann ionstraimí foluiteacha atá íogair ar ráta úis ginearálta, is éard a bheidh sna fachtóirí sin luaineachtaí intuigthe na rátaí úis saor ó phriacal lena mbaineann mar a thuairiscítear i mír 2 agus mír 3, a ndéanfar a shannadh do bhuicéid ag brath ar an airgeadra agus arna mapáil ar na haibíochtaí seo a leanas laistigh de gach buicéad: 0,5 bliain, 1 bhliain, 3 bliana, 5 bliana, 10 mbliana. Buicéad amháin in aghaidh an airgeadra a bheidh ann.

Chun críocha mapála, measfaidh gach institiúid gur san fhachtóir priacail céanna a bheidh luaineachtaí intuigthe arna nascadh leis na rátaí céanna saor ó phriacal agus arna mapáil ar na haibíochtaí céanna.

I gás ina mapálann institiúidí luaineachtaí intuigthe leis na haibíochtaí dá dtagraítear sa mhír seo, beidh feidhm ag na ceanglais seo a leanas:

(a) i gcás ina ndéantar an chéadrogha a ailíniú le haibíocht na hionstraime foluití, déanfar fachtóir priacail aonair a mheas, a dhéanfar a mhapáil don aibíocht sin;

(b) i gcás inar giorra aibíocht na céadrogha ná aibíocht na hionstraime foluití, déanfar na fachtóirí priacail seo a leanas a mheas mar a leanas:

(i) déanfar an chéad fhachtóir priacail a mhapáil d'aibíocht na céadrogha;

(ii) déanfar an dara fachtóir priacail a mhapáil d'aibíocht iarmharach na hionstraime foluití dáta éaga na céadrogha.

8. Is éard a bheidh sna fachtóirí priacail maidir le rátaí ginearálta úis cuaire a bheidh le cur i bhfeidhm ag na hinstitiúidí veicteoir amháin de rátaí saor ó phriacal, arb éard a bheidh ann aon chuar toraidh shonrach amháin, in aghaidh an airgeadra. Buicéad difriúil a bheidh i ngach airgeadra. Maidir le gach ionstraim, beidh sa veicteoir a mhéid comhpháirteanna agus a bhfuil d'aibíochtaí difriúla rátaí saor ó phriacal ann a úsáidtear mar athróga le samhail phraghsála na hinstitiúide don ionstraim sin.

9. Déanfaidh na hinstitiúidí íogaireacht gach ionstraime ar gach fachtóir priacail arna úsáid san fhoirmle phriacail cuaire a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 325g. Chun críocha priacal cuaire, measfaidh institiúidí gurb é an fachtóir priacail céanna veicteoirí atá comhfhreagrach le cuara toradh difriúla agus a bhfuil líon comhpháirteanna difriúil acu, ar choinníoll go bhfuil na veicteoirí sin comhfhreagrach leis an airgeadra céanna. Déanfaidh institiúidí íogaireachtaí ar an bhfachtóir priacail céanna a fhritháireamh. Ní bheidh ach aon ghlaníogaireacht amháin le haghaidh gach buicéid.

▼**M8**

Ní bheidh aon cheanglais cistí dílse priacal cuaire le haghaidh boilsciú agus priacail trasairgeadra-bhunaithe.

*Airteagal 325m*

**Fachtóirí priacail um raon difríochta le haghaidh neamhurrúsúcháin**

1. Is éard a bheidh sna fachtóirí priacail um raon difríochta deilte a bheidh le cur i bhfeidhm ag institiúidí maidir le hionstraimí neamhurrúsúcháin a bhíonn íogair ar raonta difríochta ná rátaí um raon difríochta eisitheora na n-ionstraimí sin, arna mbunú ar na hionstraimí fiachais ábhartha agus ar bhabhtálacha mainneachtana creidmheasa, agus arna mapáil ar gach ceann de na haibíochtaí seo a leanas: 0,5 bliain, 1 bhliain, 3 bliana, 5 bliana, 10 mbliana. Cuirfidh institiúidí fachtóir priacail amháin i bhfeidhm maidir le gach eisitheoir agus aibíocht, gan beann ar a bhfuil na rátaí um raon difríochta eisitheora sin bunaithe ar ionstraimí fiachais nó babhtálacha mainneachtana creidmheasa. Is éard a bheidh sna buicéid buicéid earnála, dá dtagraítear i Roinn 6, agus beidh na fachtóirí priacail arna leithdháileadh ar na fachtóirí priacail a shanntar don earnáil ábhartha.

2. Is éard a bheidh sna fachtóirí priacail vega um raon difríochta creidmheasa a bhíonn le cur i bhfeidhm ag institiúidí maidir le céadroghanna a bhfuil ionstraimí foluiteacha ag gabháil leo a bhíonn íogair ar raon difríochta creidmheasa ná luaineachtaí intuigthe rátaí um raon difríochta creidmheasa eisitheora na hionstraime foluití mar a leagtar síos i mír 1, a ndéanfar a mhapáil ar na haibíochtaí seo a leanas i gcomhréir le haibíocht na céadrogha faoi réir an cheanglais cistí dílse: 0,5 bliain, 1 bhliain, 3 bliana, 5 bliana, 10 mbliana. Bainfear úsáid as na buicéid chéanna a úsáideadh don phriacal um raon difríochta creidmheasa deilte i ndáil le neamhurrúsúchán.

3. Is éard a bheidh sna fachtóirí priacail um raon difríochta cuaire a bheidh le cur i bhfeidhm ag institiúidí maidir le hionstraimí neamhurrúsúcháin veicteoir amháin rátaí um raon difríochta, arb éard a bheidh ann cuar um raon difríochta creidmheasa a bhaineann go sonrach leis an eisitheoir. Maidir le gach ionstraim, beidh sa veicteoir a mhéid comhpháirteanna agus a bhfuil d'aibíochtaí difriúla rátaí um raon difríochta creidmheasa ann a úsáidtear mar athróga le samhail phraghsála na hinstitiúide don ionstraim sin. Bainfear úsáid as na buicéid chéanna a úsáideadh don phriacal um raon difríochta creidmheasa deilte i ndáil le neamhurrúsúchán.

4. Déanfaidh na hinstitiúidí íogaireacht gach ionstraime ar gach fachtóir priacail arna úsáid san fhoirmle phriacail chuaire a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 325g. Chun críocha priacal cuaire, measfaidh institiúidí gurb é an fachtóir priacail céanna veicteoirí atá bunaithe ar ionstraimí fiachais ábhartha nó babhtálacha mainneachtana creidmheasa agus a bhfuil líon comhpháirteanna difriúil acu, ar choinníoll go bhfuil na veicteoirí sin comhfhreagrach leis an eisitheoir céanna.

*Airteagal 325n*

**Fachtóirí priacail um raon difríochta i gcomhair urrúsúcháin**

1. Cuirfidh institiúidí na fachtóirí priacail um raon difríochta creidmheasa dá dtagraítear i mír 3 i bhfeidhm ar shuíomhanna urrúsúcháin a áirítear i ACTP, dá dtagraítear i mír (6), mír (7) agus mír (8) d'Airteagal 325,

▼M8

Cuirfidh institiúidí na fachtóirí priacail um raon difríochta creidmheasa dá dtagraítear i mír 5 i bhfeidhm ar shuíomhanna urrúsúcháin nach n-áirítear i ACTP, dá dtagraítear i mír (6), mír (7) agus mír (8) d'Airteagal 325.

2. Is ionann na buicéid is infheidhme le priacal um raon difríochta creidmheasa le haghaidh urrúsúchán a áirítear i ACTP agus na buicéid is infheidhme le priacal um raon difríochta creidmheasa le haghaidh neamhurrúsúcháin, dá dtagraítear i Roinn 6.

Bainfidh na buicéid is infheidhme le priacal um raon difríochta creidmheasa le haghaidh urrúsúchán nach n-áirítear i ACTP go sonrach leis an gcatagóir aicme phriacail sin, dá dtagraítear i Roinn 6.

3. Is iad seo a leanas na fachtóirí priacail um raon difríochta creidmheasa ag institiúidí ar shuíomhanna urrúsúcháin a áirítear i ACTP:

(a) is é a bheidh sna fachtóirí priacail rátaí um raon difríochta creidmheasa ábhartha uile eisitheoirí risíochtaí ionstraimí foluiteacha an tsuímh urrúsúcháin, a bhunaítear ar na hionstraimí fiachais agus babhtálacha mainneachtana creidmheasa, agus maidir le gach ceann de na haibíochtaí seo a leanas: 0,5 bliain, 1 bhliain, 3 bliana, 5 bliana, 10 mbliana.

(b) is éard a bheidh sna fachtóirí priacail vega a bhíonn le cur i bhfeidhm maidir le céadroghanna a áirítear i ACTP mar ionstraimí foluiteacha ná luaineachtaí intuigthe um raon difríochta eisitheoirí risíochtaí foluiteacha an tsuímh urrúsúcháin, atá intuigthe mar a thuairiscítear i bpointe (a) den mhír seo, a ndéanfar a mhapáil ar na hurrúsúcháin seo a leanas i gcomhréir le haibíocht na céadrogha comhfhreagraí faoi réir an cheanglais cistí dílse: 0,5 bliain, 1 bhliain, 3 bliana, 5 bliana, 10 mbliana.

(c) is éard a bheidh sna fachtóirí priacail chuaire cuara toraidh ábhartha um raon difríochta creidmheasa eisitheoirí risíochtaí foluiteacha an tsuímh urrúsúcháin arna shloinneadh mar veicteoir rátaí um raon difríochta creidmheasa maidir le haibíochtaí difriúla, atá intuigthe ó phointe (a) den mhír seo; maidir le gach ionstraim, beidh sa veicteoir a mhéid comhpháirteanna agus a bhfuil d'aibíochtaí difriúla rátaí um raon difríochta creidmheasa ann a úsáidtear mar athróga le samhail phraghsála na hinstitiúide don ionstraim sin.

4. Déanfaidh na hinstitiúidí íogaireacht gach urrúsúcháin ar gach fachtóir priacail arna úsáid san fhoirmle phriacail chuaire a ríomh mar a leagtar amach in Airteagal 325g. Chun críocha priacal cuaire, measfaidh institiúidí gurb é an fachtóir priacail céanna veicteoirí atá bunaithe ar ionstraimí fiachais ábhartha nó babhtálacha mainneachtana creidmheasa agus a bhfuil líon comhpháirteanna difriúil acu, ar choinníoll go bhfuil na veicteoirí sin comhfhreagrach leis an eisitheoir céanna.

5. Déanfaidh na fachtóirí priacail um raon difríochta creidmheasa a bhíonn le cur i bhfeidhm ag institiúidí ar shuíomhanna urrúsúcháin nach n-áirítear i ACTP, déanfaidh siad tagairt do raon difríochta an tráinse seachas raon difríochta na n-ionstraimí foluiteacha agus is éard a bheidh iontu an méid seo a leanas:

(a) is éard a bheidh sna fachtóirí priacail deilte na rátaí um raon difríochta creidmheasa arna mapáil ar na haibíochtaí seo a leanas, i gcomhréir le haibíocht an tráinse: 0,5 bliain, 1 bhliain, 3 bliana, 5 bliana, 10 mbliana.

▼M8

(b) is éard a bheidh sna fachtóirí priacail vega a bhíonn le cur i bhfeidhm maidir le céadroghanna nach n-áirítear i ACTP mar ionstraimí foluiteacha ná luaineachtaí intuigthe um raon difríochta creidmheasa na dtráinsí, a ndéanfar a mhapáil ar na hurrúsúcháin seo a leanas i gcomhréir le haibíocht na céadrogha comhfhreagraí faoi réir an cheanglais cistí dílse: 0,5 bliain, 1 bhliain, 3 bliana, 5 bliana, 10 mbliana.

(c) is ionann na fachtóirí priacail chuaire agus na fachtóirí a thuairiscítear i bpointe (a) den mhír seo; cuirfear ualú priacail coiteann i bhfeidhm ar na fachtóirí priacail sin uile, dá dtagraítear i Roinn 6.

*Airteagal 325o*

**Fachtóirí priacail cothromais**

1. Is éard a bheidh sna buicéid maidir le gach fachtóir priacail cothromais na buicéid earnála, dá dtagraítear i Roinn 6.

2. Is éard a bheidh sna fachtóirí priacail deilte cothromais a bhíonn le cur i bhfeidhm ag na hinstitiúidí na spotphraghsanna cothromais uile agus na rátaí athcheannaigh cothromais uile.

Chun críocha priacal cothromais, is fachtóir priacail aonair, arna shloinneadh mar veicteoir rátaí athcheannaigh d'aibíochtaí difriúla, a bheidh i gcuar athcheannaigh cothromais sonrach. Maidir le gach ionstraim, beidh sa veicteoir a mhéid comhpháirteanna agus a bhfuil d'aibíochtaí difriúla rátaí athcheannaigh ann a úsáidtear mar athróga le samhail phraghsála na hinstitiúide don ionstraim sin.

Déanfaidh institiúidí íogaireacht ionstraime ar an bhfachtóir priacail cothromais sin a ríomh mar athrú ar luach na hionstraime, i gcomhréir lena samhail phraghsála, mar thoradh ar athrú 1 phointe boinn amháin i ngach ceann de chomhpháirteanna an veicteora. Déanfaidh institiúidí íogaireachtaí ar fhachtóir priacail ráta athcheannaigh an urrúis cothromais chéanna a fhritháireamh, gan beann ar an líon comhpháirteanna i ngach veicteoir.

3. Is éard a bheidh sna fachtóirí priacail cothromais a bhíonn le cur i bhfeidhm ag institiúidí maidir le céadroghanna a bhfuil ionstraimí foluiteacha ag gabháil leo a bhíonn íogair ar chothromas luaineachtaí intuigthe spotphraghsanna cothromais, a ndéanfar a mhapáil ar na haibíochtaí seo a leanas i gcomhréir le haibíocht na gcéadroghanna comhfhreagracha faoi réir an cheanglais cistí dílse: 0,5 bliain, 1 bhliain, 3 bliana, 5 bliana, 10 mbliana. Ní bheidh aon cheanglais cístí dílse i gcomhair priacal vega ar rátaí athcheannaigh cothromais.

4. Is éard a bheidh sna fachtóirí priacail cuaire a bhíonn le cur i bhfeidhm ag institiúidí maidir le céadroghanna a mbíonn ionstraimí foluiteacha ag gabháil leo atá íogair ar chothromas na spotphraghsanna cothromais uile, gan beann ar aibíocht na gcéadroghanna comhfhreagracha. Ní bheidh aon cheanglais cístí dílse i gcomhair priacal cuaire ar rátaí athcheannaigh cothromais.

*Airteagal 325p*

**Fachtóirí priacail tráchtearraí**

1. Is éard a bheidh sna buicéid maidir le gach fachtóir priacail tráchtearraí na buicéid earnála, dá dtagraítear i Roinn 6.

2. Is éard a bheidh sna fachtóirí priacail deilte a bhíonn le cur i bhfeidhm ag institiúidí maidir le hionstraimí atá íogair ar thráchtearraí ná na spotphraghsanna tráchtearraí uile de réir cineáil tráchtearra agus de réir gach ceann de na haibíochtaí seo a leanas: 0,25 bliain, 0,5 bliain, 1 bhliain, 2 bhliain, 3 bliana, 5 bliana, 10 mbliana, 15 bliana, 20 bliain,

▼M8

30 bliain. Ní dhéanfaidh institiúidí ach dhá phraghas tráchtearraí den chineál tráchtearra céanna, a bhfuil an aibíocht chéanna aige, a mheas mar an fachtóir priacail céanna i gcás inarb ionann an tacar téarmaí dlíthiúla maidir le suíomh a seachadta.

3. Is éard a bheidh sna fachtóirí priacail vega tráchtearraí a bhíonn le cur i bhfeidhm ag institiúidí maidir le céadroghanna a bhfuil ionstraimí foluiteacha atá íogair ar thráchtearra luaineachtaí intuigthe na bpraghsanna tráchtearraí de réir cineál tráchtearra, a ndéanfar a mhapáil ar na haibíochtaí seo a leanas i gcomhréir le haibíochtaí na gcéadroghanna comhfhreagracha faoi réir an cheanglais cistí dílse: 0,5 bliain, 1 bhliain, 3 bliana, 5 bliana, 10 mbliana. Déanfaidh institiúidí íogaireachtaí ar an gcineál céanna tráchtearra agus a leithdháiltear ar an aibíocht chéanna a mheas mar fhachtóir priacail aonair, a ndéanfaidh institiúidí a fhritháireamh ansin.

4. Is éard a bheidh sna fachtóirí priacail cuaire tráchtearraí a bhíonn le cur i bhfeidhm ag institiúidí maidir le céadroghanna a bhfuil ionstraimí foluiteacha atá íogair ar phraghsanna tráchtearraí ná tacar amháin de phraghsanna tráchtearraí ag a bhfuil aibíochtaí difriúla de réir cineál tráchtearra, arna shloinneadh mar veicteoir. Maidir le gach ionstraim, beidh sa veicteoir a mhéid comhpháirteanna agus a bhfuil ann de phraghsanna an tráchtearraí sin a úsáidtear mar athróga i samhail phraghsála na hinstitiúide don ionstraim sin. Ní dhéanfaidh institiúidí idirdhealú idir praghsanna tráchtearraí de réir suíomh seachadta.

Déanfar íogaireacht na hionstraime ar gach fachtóir priacail arna úsáid san fhoirmle phriacail chuaire a ríomh mar a leagtar amach in Airteagal 325g. Chun críocha priacal cuaire, measfaidh institiúidí gurb é an fachtóir priacail céanna veicteoirí a bhfuil líon comhpháirteanna difriúil acu, ar choinníoll go bhfuil na veicteoirí sin comhfhreagrach leis an gcineál tráchtearra céanna.

*Airteagal 325q*

**Fachtóirí priacail um phriacal malairte eachtraí**

▼M12

1. Is é a bheidh sna fachtóirí riosca malairte eachtraí deilte is ionchurtha i bhfeidhm ag institiúidí ar ionstraimí atá íogair ar mhalairt eachtrach ná na spotrátaí malairte eachtraí go léir idir an t-airgeadra ina bhfuil an ionstraim ainmnithe agus airgeadra tuairiscithe na hinstitiúide nó bunairgeadra na hinstitiúide i gcás ina bhfuil an institiúid ag úsáid airgeadra bunaidh i gcomhréir le mír 7. Buicéad amháin a bheidh ann in aghaidh gach péire airgeadra, ina mbeidh fachtóir riosca aonair agus glaníogaireacht aonair.

▼M8

2. Is éard a bheidh sna fachtóirí priacail vega um malairt eachtrach a bhíonn le cur i bhfeidhm ag institiúidí maidir le céadroghanna a bhfuil ionstraimí foluiteacha ag gabháil leo a bhíonn íogair ar mhalairt eachtrach ná luaineachtaí atá intuigthe ó rátaí malairt idir na péirí airgeadra dá dtagraítear i mír 1. Déanfar na luaineachtaí intuigthe rátaí malartuithe sin a mhapáil ar na haibíochtaí seo a leanas i gcomhréir le haibíochtaí na gcéadroghanna faoi réir an cheanglais cistí dílse: 0,5 bliain, 1 bhliain, 3 bliana, 5 bliana, 10 mbliana.

▼M12

3. Is é a bheidh sna fachtóirí riosca cuaire malairte eachtraí is ionchurtha i bhfeidhm ag institiúidí maidir le hionstraimí lena ngabhann ionstraimí foluiteacha atá íogair ar mhalairt eachtrach ná na fachtóirí riosca deilte malairte eachtraí dá dtagraítear i mír 1.

▼M8

4. Ní bheidh de cheanglas ar institiúidí idirdhealú a dhéanamh idir athróga intíre agus eischósta airgeadra i gcomhair gach fachtóra phriacail chuaire, vega, deilte agus malairte eachtraí.

▼M12

5. I gcás nach dtagraíonn ráta malairte eachtraí arb í an ionstraim í is foluiteach le hionstraim i atá faoi réir ceanglais cistí dílse i gcomhair rioscaí cuaire d'airgeadra tuairiscithe na hinstitiúide ná do bhunairgeadra na hinstitiúide, féadfaidh an institiúid na comhpháirteanna comhfhreagracha a roinnt ar 1,5 $CVR_{ik}^{-}$ agus $CVR_{ik}^{+}$ an ní a leagan amach i mír 2 d'Airteagal 325g arb é $x_k$ an fachtóir riosca malairte eachtraí ina leith idir ceann amháin de dhá airgeadra na bunionstraime agus airgeadra tuairiscithe na hinstitiúide nó bunairgeadra na hinstitiúide, de réir mar is infheidhme.

6. Féadfaidh institiúid, faoi réir cead a fháil óna údarás inniúil, na comhpháirteanna a roinnt ar 1,5 $CVR_k^{-}$ agus $CVR_k^{+}$ an ní a leagan amach in Airteagal 325g(2) go comhsheasmhach le haghaidh fachtóirí riosca malairte eachtraí uile na n-ionstraimí a bhaineann le malairt eachtrach agus atá faoi réir ag ceanglas cistí dílse i gcomhair riosca cuaire, ar choinníoll, maidir le haon fhachtóirí riosca malairte eachtraí atá bunaithe ar airgeadra tuairiscithe na hinstitiúide nó ar bhunairgeadra na hinstitiúide, de réir mar is infheidhme, a áirítear i ríomh na gcomhpháirteanna sin, go ndéanfar iad a aistriú go comhuaineach.

7. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 3, féadfaidh institiúid, ach cead a fháil óna húdaráis inniúil, airgeadra eile ('an bunairgeadra') a chur in ionad a hairgeadra tuairiscithe sna spotrátaí malairte uile chun na fachtóirí riosca malairte eachtraí deilte agus cuaire a shloinneadh i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas go léir:

(a) níl ach aon airgeadra bunúsach amháin in úsáid ag an institiúid;

(b) cuireann an institiúid an bunairgeadra i bhfeidhm go comhsheasmhach ar a suíomhanna leabhair trádála uile agus ar a suíomhanna leabhair neamhthrádála uile;

(c) tá an méid a leanas léirithe ag an institiúid chun sástachta a údaráis inniúil:

(i) fágann úsáid an bhonnairgeadra a roghnaíodh gur ann d'ionadaíocht iomchuí riosca do shuíomhanna na hinstitiúide atá faoi riosca malairte eachtraí;

(ii) tá rogha an bhunairgeadra comhoiriúnach leis an gcaoi a bhfuil na rioscaí malairte eachtraí sin á mbainistiú go hinmheánach ag an institiúid;

(iii) ní hé an fonn atá ann ceanglais cistí dílse na hinstitiúide a laghdú is cúis go príomha le rogha an bhunairgeadra;

(d) cuireann an institiúid san áireamh an riosca aistriúcháin idir an t-airgeadra tuairiscithe agus an bunairgeadra.

Aon institiúid a bhfuil cead tugtha di bunairgeadra a úsáid mar a leagtar amach sa chéad fhomhír, déanfaidh sí na ceanglais cistí dílse a thiocfaidh as an méid sin i gcomhair riosca malairte eachtraí a chomhshó san airgeadra tuairiscithe, agus úsáid á baint as an spotráta malairte atá i réim idir an bunairgeadra agus an t-airgeadra tuairiscithe.

▼M8

Foroinn 2

**Sainmhínithe íogaireachta**

*Airteagal 325r*

**Íogaireachtaí priacail deilte**

1. Déanfaidh institiúidí íogaireachtaí priacail deilte i dtaca le rátaí úis ginearálta (GIRR) a ríomh mar a leanas:

(a) déanfar na híogaireachtaí ar fhachtóirí priacail lena n-áirítear rátaí saor ó phriacal a ríomh mar a leanas:

$$S_{r_{kt}} = \frac{V_i(r_{kt} + 0{,}0001,\ x,\ y\ \ldots) - V_i(r_{kt},\ x,\ y\ \ldots)}{0{,}0001}$$

nuair atá:

$S_{r_{kt}}$ = na híogaireachtaí ar fhachtóirí priacail lena n-áirítear rátaí saor ó phriacal;

$r_{kt}$ = ráta cuaire saor ó phriacal k ag a bhfuil an aibíocht t;

▼C7

$V_i$ (.) = feidhm praghsála na hionstraime i; agus

x,y = fachtóirí priacail seachas $r_{kt}$ san fheidhm praghsála $V_i$;

▼M8

(b) déanfar na híogaireachtaí ar fhachtóirí priacail lena n-áirítear priacal boilscithe agus bonn trasairgeadra a ríomh mar a leanas:

$$S_{x_j} = \frac{V_i(\overline{x}_{ji} + 0{,}0001\overline{I_m},\ y,\ z\ \ldots) - V_i(\overline{x}_{ji},\ y,\ z\ \ldots)}{0{,}0001}$$

nuair:

$S_{x_j}$ = na híogaireachtaí ar fhachtóirí priacail lena n-áirítear priacal boilscithe agus bonn trasairgeadra;

$\overline{x}_{ji}$ = veicteoir de chomhpháirteanna m lena léirítear an chuar boilscithe intuigthe nó an chuar ar bhonn trasairgeadra maidir le hairgeadra ar leith j nuair a bhíonn m cothrom leis an líon athróg boilscithe nó trasairgeadra arna úsáid i samhail phraghsála na hionstraime i;

$\overline{I_m}$ = maitrís aontachta ghné (1 x m);

▼C7

$V_i$ (.) = feidhm praghsála na hionstraime i; agus

▼M8

y, z = athróga eile sa tsamhail phraghsála.

2. Déanfaidh institiúidí na híogaireachta priacail deilte um raon difríochta creidmheasa i gcomhair gach suíomh urrúsúcháin agus neamhurrúsúcháin a ríomh mar a leanas:

▼C7

$$s_{cs_{kt}} = \frac{V_i(cs_{kt} + 0{,}0001, x, y, \ldots) - V_i(cs_{kt}, x, y \ldots)}{0{,}0001}$$

▼M8

nuair:

$S_{CS_{kt}}$ = a híogaireachta priacail deilte um raon difríochta creidmheasa i gcomhair gach suíomh urrúsúcháin agus neamhurrúsúcháin;

$cs_{kt}$ = luach ráta um raon difríochta creidmheasa eisitheora j ag aibíocht t;

▼C7

$V_i$ (.) = feidhm praghsála na hionstraime i; agus

▼M8

x,y = fachtóirí priacail seachas $cs_{kt}$ san fheidhm praghsála Vi.

3. Déanfaidh institiúidí íogaireachtaí priacail cothromais deilte a ríomh mar a leanas:

(a) déanfar na híogaireachtaí ar fhachtóirí priacail ar rátaí spotphraghsanna cothromais iad a ríomh mar a leanas:

$$S_k = \frac{V_i(1{,}01\ EQ_k,\ x,\ y,\ \ldots) - V_i(EQ_k,\ x,\ y,\ \ldots)}{0{,}01}$$

nuair:

▼C7

$s_k$ = na híogaireachtaí ar fhachtóirí priacail ar rátaí spotphraghsanna cothromais;

k = urrús cothromais sonrach;

EQk = luach spotphraghais an urrúis cothromais sin;

$V_i$ (.) = feidhm praghsála na hionstraime i; agus

x,y = fachtóirí priacail seachas EQk san fheidhm praghsála $V_i$;

▼M8

(b) ina ndéanfar na híogaireachtaí ar fhachtóirí priacail ar rátaí athcheannaigh gnáthchothromais iad a ríomh mar a leanas:

$$S_{x_k} = \frac{V_i(\overline{x}_{ki} + 0{,}0001\overline{I_m},\ y,\ z\ \ldots) - V_i(\overline{x}_{ji},\ y,\ z\ \ldots)}{0{,}0001}$$

nuair atá:

$S_{x_k}$ = na híogaireachtaí ar fhachtóirí priacail ar rátaí athcheannaigh gnáthchothromais;

k = an t-innéacs a chuireann na cothromais in iúl;

$\overline{x}_{ki}$ = veicteoir de chomhpháirteanna m lena léirítear an struchtúr téarma athcheannaigh i gcomhair cothromas ar leith k nuair a bhíonn m cothrom le líon na rátaí athcheannaigh atá comhfhreagrach leis na haibíochtaí a úsáidtear i samhail phraghsála na hionstraime i;

$\overline{I_m}$ = maitrís aontachta ghné (1 · m);

$V_i$ (.) = feidhm praghsála na hionstraime i; agus

y,z = fachtóirí priacail seachas $\overline{x}_{ki}$ san fheidhm praghsála Vi.

4. Déanfaidh institiúidí na híogaireachtaí priacail tráchtearraí deilte a ríomh ar gach fachtóir priacail k mar a leanas:

$$S_k = \frac{V_i(1{,}01\ CTY_k,\ \gamma,\ z\ \ldots) - V_i(CTY_k,\ \gamma,\ z\ \ldots)}{0{,}01}$$

nuair:

$s_k$ = na híogaireachtaí priacail tráchtearraí deilte;

▼M8

k = fachtóir priacail tráchtearraí ar leith;

CTYk = luach fachtóir priacail k;

▼C7

$V_i$ (.) = feidhm praghsála na hionstraime i; agus

y,z = fachtóirí priacail seachas $\overline{\mathbf{x}}_{\mathbf{ki}}$ san fheidhm praghsála $V_i$.

▼M8

5. Déanfaidh institiúidí na híogaireachtaí priacail malairte airgid deilte a ríomh ar gach fachtóir priacail k mar a leanas:

$$S_k = \frac{V_i(1{,}01\ FX_k,\ y,\ z\ \ldots) - V_i(FX_k,\ y,\ z\ \ldots)}{0{,}01}$$

nuair:

sk = na híogaireachtaí priacail malairte airgid deilte;

k = fachtóir priacail malairte eachtraí ar leith;

FXk = luach an fhachtóra phriacail;

▼C7

$V_i$ (.) = feidhm praghsála na hionstraime i; agus

▼M8

y, z = fachtóirí priacail seachas FXk i samhail phraghsála na hionstraime i.

*Airteagal 325s*

**Íogaireachtaí priacail vega**

1. Déanfaidh institiúidí íogaireacht priacail vega céadrogha ar fhachtóir priacail k a ríomh mar a leanas:

▼C7

$$S_k = \frac{V_i(0{,}01 + vol_k, x, y) - V_i(vol_k, x, y)}{0{,}01}$$

▼M8

nuair:

sk = íogaireacht priacail vega céadrogha;

k = fachtóir priacail vega ar leith, ina bhfuil luaineacht intuigthe;

$vol_k$ = luach an fhachtóra phriacail sin, ar cheart é a shloinneadh mar chéatadán; agus

▼C7

x,y = fachtóirí priacail seachas $vol_k$ san fheidhm praghsála $V_i$.

▼M8

2. I gcás aicmí priacail ina mbíonn gné aibíochta ag fachtóirí priacail vega, ach nach infheidhme na rialacha faoina mapáiltear na fachtóirí priacail toisc nach bhfuil aibíocht ag na céadroghanna, déanfaidh institiúidí na fachtóirí sin a mhapáil ar an aibíocht is faide a leagtar síos. Beidh na céadroghanna sin faoi réir na priacail forlíontáin iarmharacha.

▼M8

3. I gcás céadroghanna nach bhfuil ceangal nó bacainn acu agus céadroghanna a bhfuil an iliomad ceangail agus bacainneacha acu, déanfaidh institiúidí an mhapáil a chur i bhfeidhm ar cheangail agus ar aibíocht a úsáidtear go hinmheánach ag institiúid chun an chéadrogha a phraghsáil. Beidh na céadroghanna sin faoi réir na priacail forlíontáin iarmharacha chomh maith.

4. Ní dhéanfaidh institiúidí an priacal vega i gcomhair tráinsí urrúsúcháin a chumhdaítear le ACTP, amhail dá dtagraítear in Airteagal 325 (6), (7) agus (8) nach bhfuil luaineacht intuigthe acu. Déanfar ceanglais cístí dílse i gcomhair priacal deilte agus cuaire a ríomh do na tráinsí urrúsúcháin sin.

*Airteagal 325t*

**Ceanglais maidir le ríomhanna íogaireachta**

1. Agus na foirmlí a leagtar amach san Fhoroinn seo á n-úsáid acu, déanfaidh institiúidí íogaireachtaí a dhíorthú ó shamhlacha praghsála na hinstitiúide atá mar bhonn le brabúis agus le caillteanais a thuairisciú don bhainistíocht shinsearach.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh údaráis inniúla a cheangal ar institiúid, dár tugadh cead úsáid a bhaint as an gcur chuige samhla inmheánaí malartaí a leagtar amach i gCaibidil 1b, feidhmeanna praghsála de chóras tomhais priacail a gcur chuige samhla inmheánaí a úsáid i dtaca le híogaireachtaí a ríomh faoin gCaibidil seo maidir leis na ceanglais cístí dílse i gcomhair priacal margaidh a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 430b(3).

2. Agus íogaireachtaí priacail deilte ionstraimí ina bhfuil roghnaíocht dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 325e(2) á ríomh ag institiúidí, féadfaidh siad a thoimhdiú go leanfaidh fachtóirí priacail na luaineachta intuigthe de bheith seasta.

3. Agus íogaireachtaí priacail vega ionstraimí ina bhfuil roghnaíocht dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 325e(2) á ríomh, beidh feidhm ag na ceanglais seo a leanas:

(a) maidir le priacal ráta úis ginearálta agus priacal um raon difríochta creidmheasa, toimhdeoidh na hinstitiúidí, i gcás gach airgeadra, go leanfaidh ionstraim fholuiteach na bhfachtóirí priacail luaineachta, ar ina leith a dhéantar priacal vega a ríomh, dáileadh lognormalach nó normalach sna samhlacha praghsála a úsáidtear do na hionstraimí sin;

(b) maidir le priacal cothromais, priacal tráchtearraí agus priacal malairte eachtraí, toimhdeoidh na hinstitiúidí go leanfaidh ionstraim fholuiteach na bhfachtóirí priacail luaineachta, ar ina leith a dhéantar priacal vega a ríomh, dáileadh lognormalach sna samhlacha praghsála a úsáidtear do na hionstraimí sin.

4. Déanfaidh institiúidí na híogaireachtaí uile seachas na híogaireachtaí ar choigeartuithe luachála creidmheasa a ríomh.

▼M8

5. De mhaolú ar mhír 1, faoi réir cead a fháil ó na húdaráis inniúla, féadfaidh institiúid sainmhínithe malartacha ar íogaireachtaí priacail deilte a úsáid chun na ceanglais cistí dílse maidir le suíomh leabhair trádála a ríomh faoin gCaibidil seo ar choinníoll go gcomhlíonfaidh an institiúid na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) úsáidtear na sainmhínithe malartacha sin chun críocha bainistithe priacail inmheánaigh agus chun brabúis agus caillteanais a thuairisciú don ardbhainistíocht, ar tuairisciú é sin a dhéanfaidh aonad neamhspleách rialaithe phriacail laistigh den institiúid;

(b) léireoidh an institiúid gur iomchuí na sainmhínithe malartacha seo chun na híogaireachtaí ábhartha maidir leis an suíomh a ghabháil ná na foirmlí a leagtar amach san Fhoroinn seo agus nach bhfuil aon difear ábharthach idir na híogaireachtaí a thagann astu agus na foirmlí sin.

6. De mhaolú ar mhír 1, faoi réir cead a fháil ó na húdaráis inniúla, féadfaidh institiúid íogaireachtaí vega a ríomh ar bhonn claochlú líneach sainmhínithe malartacha ar íogaireachta chun na ceanglais cistí dílse maidir le suíomh leabhair trádála a ríomh faoin gCaibidil seo, ar choinníoll go gcomhlíonfaidh an institiúid an dá choinníoll seo a leanas:

(a) úsáidfear na sainmhínithe malartacha sin chun críocha bainistithe phriacail inmheánaigh agus chun brabúis agus caillteanais a thuairisciú don ardbhainistíocht, ar tuairisciú é sin a dhéanfaidh aonad neamhspleách rialaithe phriacail laistigh den institiúid;

(b) léireoidh an institiúid gur iomchuí na sainmhínithe malartacha seo chun na híogaireachtaí ábhartha maidir leis an suíomh a ghabháil ná na foirmlí a leagtar amach san Fhoroinn seo agus gur léiriú é an claochlú líneach dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar íogaireacht priacail vega.

## Roinn 4

## An forlíontán priacail iarmharaigh

*Airteagal 325u*

**Ceanglais cistí dílse le haghaidh priacail iarmharacha**

1. I dteannta leis na ceanglais cistí dílse maidir le priacal margaidh a leagtar amach i Roinn 2, cuirfidh institiúidí ceanglais cistí dílse breise i bhfeidhm maidir le hionstraimí atá ar ris ar phriacail iarmharacha i gcomhréir leis an Airteagal seo.

2. Measfar gur ionstraimí ar ris ar phriacail iarmharacha iad ionstraimí a chomhlíonfaidh aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tagraíonn an ionstraim d'ionstraim fholuiteach choimhthíoch, rud a chiallaíonnchun críocha na Caibidle seo, ionstraim leabhair trádála lena dtagraítear do nó cuaire faoin modh íogaireacht-bhunaithe a leagtar amach i Roinn 2 nó faoi na ceanglais cistí dílse i gcomhair priacal mainneachtana a leagtar amach i Roinn 5;

▼M8

(b) iompraíonn an ionstraim priacal iarmharach eile,rud a chiallaíonn, chun críocha na Caibidle seo, aon cheann de na hionstraimí seo a leanas:

(i) ionstraimí atá faoi réir ceanglais cistí dílse i gcomhair priacail vega agus cuaire faoin modh íogaireacht-bhunaithe a leagtar amach i Roinn 2 agus as a dtagann dea-thorthaí nach féidir aithris a dhéanamh orthu mar chomhcheangal líneach finideach de chéadroghanna loma le praghas cothromais foluiteach aonair, praghas tráchtearraí, ráta malairte, praghas banna, praghas um babhtáil mainneachtana creidmheasa nó babhtáil ráta úis;

(ii) ionstraimí ar suíomh urrúsúcháin iad a áirítear i ACTP, dá dtagraítear in Airteagal 325(6); ní bhreathnófar ar fháluithe a áirítear i ACTP, dá dtagraítear in Airteagal 325(8).

3. Déanfaidh institiúidí na ceanglais cistí dílse breise dá dtagraítear i mír 1 a ríomh mar shuim ollmhéideanna barúlacha na n-ionstraimí dá dtagraítear i mír 2 iolraithe faoi na hualuithe priacail seo a leanas:

(a) 1,0 % i gcás na hionstraime dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 2;

(b) 0,1 % i gcás na hionstraime dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 2.

4. De mhaolú ar mhír 1, ní dhéanfaidh institiúid an ceanglas cistí dílse a chur i bhfeidhm maidir le priacail iarmharacha ar ionstraim a chomhlíonann aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá an ionstraim liostaithe ar mhalartán aitheanta;

(b) tá an ionstraim i dteideal imréiteach lárnach i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;

(c) déanann an ionstraim phriacail margaidh suímh eile sa leabhar trádála a fhritháireamh go hiomlán, agus sa chás sin beidh díolúine ag an dá shuíomh leabhar trádála lánchomhréireacha ón gceanglas cistí dílse i gcomhair priacail iarmharacha.

5. Déanfaidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a cheapadh le sonrú cad is ionstraim fholuiteach choimhthíoch ann agus cé na hionstraimí ar ionstraimí risíochta ar phriacail iarmharacha iad chun críocha mhír 2.

Agus na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin á gceapadh aige, déanfaidh ÚBE scrúdú ar cheart priacal fadsaolaí, an aimsir, tubaistí nádúrtha agus luaineacht a réadófar sa todhchaí a mheas mar ionstraimí foluiteacha coimhthíocha.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoi cheann 28 Meitheamh 2021.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

▼M8

Roinn 5

**Na ceanglais cistí dílse i gcomhair priacal mainneachtana**

*Airteagal 325v*

**Sainmhínithe agus forálacha ginearálta**

1. Chun críocha na Roinne seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn "risíocht ghearrthéarmach" gur gnóthachan don institiúid is toradh le mainneachtain eisitheora nó grúpa eisitheoirí, gan beann ar an gcineál ionstraime nó idirbhirt lena gcruthaítear an risíocht;

(b) ciallaíonn "risíocht fhadtéarmach" gur caillteanas don institiúid is toradh le mainneachtain eisitheora nó grúpa eisitheoirí, gan beann ar an gcineál ionstraime nó idirbhirt lena gcruthaítear an risíocht;

(c) ciallaíonn "ollmhéid na mainneachtana gan choinne (ollmhéid JTD)" méid measta an ghnóthachain nó an chaillteanais a thiocfadh as mainneachtain féichiúnaí maidir le risíocht ar leith;

(d) ciallaíonn "glanmhéid na mainneachtana gan choinne (glanmhéid JTD)" méid measta an ghnóthachain nó an chaillteanais a thabhódh institiúid mar gheall ar mainneachtain féichiúnaí, tar éis fritháireamh a dhéanamh idir ollmhéideanna JTD,

(e) ciallaíonn "caillteanas i gcás mainneachtana" nó "LGD" caillteanas i gcás mainneachtana an fhéichiúnaí maidir le hionstraim arna heisiúint ag an bhféichiúnaí sin arna shloinneadh mar sciar de mhéid bharúlach na hionstraime;

(f) ciallaíonn "ualú priacail mainneachtana" an céatadán lena léirítear dóchúlacht mainneachtana measta gach féichiúnaí, i gcomhréir le hacmhainneacht creidmheasa an fhéichiúnaí sin.

2. Beidh feidhm ag ceanglais cistí dílse i gcomhair priacal mainneachtana maidir le hionstraimí fiachais agus cothromais, ionstraimí díorthacha a bhfuil na hionstraimí sin a bhí ann cheana mar ionstraimí foluiteacha acu agus díorthaigh, a bhfuil éifeacht ar a ndea-thorthaí nó luachanna córa ag mainneachtain de chuid féichiúnaí nach contrapháirtí na hionstraime díorthaí féin. Déanfaidh institiúidí na ceanglais i gcomhair priacal mainneachtana a ríomh go leithleach maidir le gach ceann de na cineálacha ionstraime seo a leanas: neamhurrúsúcháin, urrúsúcháin nach gcumhdaítear le ACTP agus urrúsúcháin a chumhdaítear le ACTP. Is éard a bheidh sna ceanglais cistí dílse i gcomhair priacal mainneachtana deiridh institiúide suim na dtrí comhpháirteanna sin.

Foroinn 1

**Ceanglais cistí dílse i gcomhair priacal mainneachtana le haghaidh neamhurrúsúchán**

*Airteagal 325w*

**Ollmhéideanna na mainneachtana gan choinne**

1. Déanfaidh institiúidí ollmhéideanna na mainneachtana gan choinne a ríomh maidir le gach risíocht fhadtéarmach ar ionstraimí fiachais mar a leanas:

▼M8

$$JTD_{long} = \max\{LGD\ V_{notional} + P\&L_{long} + Adjustment_{long};\ 0\}$$

nuair atá:

$JTD_{long}$ = ollmhéid JTD le haghaidh na risíochta fadtéarmaí;

$V_{notional}$ = méid barúlach na hionstraime;

▼C7

$P\&L_{long}$ = téarma a oiriúnaíonn do ghnóthachain nó caillteanais arna gcur san áireamh cheana ag an institiúid de bharr athruithe ar luach cóir na hionstraime lena gcruthaítear an risíocht fhadtéarmach; is le comhartha deimhneach a iontrálfar gnóthachain san fhoirmle agus is le comhartha diúltach a iontrálfar caillteanais san fhoirmle; agus

$Adjustment_{long}$ = an méid a mhéadófaí nó a laghdófaí, de bharr struchtúr na hionstraime díorthaí, caillteanas na hinstitiúide i gcás mainneachtana i gcoibhneas le caillteanas iomlán na hionstraime foluite; iontrálfar méaduithe i dtéarma $Adjustment_{long}$ agus comhartha deimhneach leo agus iontrálfar caillteanais i dtéarma $Adjustment_{long}$ agus comhartha diúltach leo.

▼M8

2. Déanfaidh institiúidí ollmhéideanna JTD a ríomh maidir le gach risíocht ghearrthéarmach ar ionstraimí fiachais mar a leanas:

$$JTD_{short} = \min\{LGD\ V_{notional} + P\&L_{short} + Adjustment_{short};\ 0\}$$

nuair atá:

$JTD_{short}$ = ollmhéid JTD le haghaidh risíochta gearrthéarmaí

$V_{notional}$ = méid barúlach na hionstraime a iontrálfar san fhoirmle agus comhartha diúltach leis;

▼C7

$P\&L_{short}$ = téarma a oiriúnaíonn do ghnóthachain nó caillteanais arna gcur san áireamh cheana ag an institiúid de bharr athruithe ar luach cóir na hionstraime lena gcruthaítear an risíocht ghearrthéarmach; is le comhartha deimhneach a iontrálfar gnóthachain san fhoirmle agus is le comhartha diúltach a iontrálfar caillteanais san fhoirmle; agus

▼M8

$Adjustment_{short}$ = an méid a mhéadófaí nó a laghdófaí, de bharr struchtúr na hionstraime díorthaí, gnóthachan na hinstitiúide i gcás mainneachtana i gcoibhneas le caillteanas iomlán na hionstraime foluití; i gcás laghduithe, iontrálfar $Adjustment_{short}$ agus comhartha deimhneach leis, agus i gcás méaduithe, agus comhartha diúltach leis.

3. Chun críche an ríomha a leagtar amach i mír 1 agus mír 2, beidh an méid seo a leanas in LGD i gcomhair ionstraimí fiachais a bhíonn le cur i bhfeidhm ag institiúidí:

(a) sannfar LGD 100 % do risíochtaí ar ionstraimí fiachais neamhshinsearaigh;

▼M8

(b) sannfar LGD 75 % d'ionstraimí fiachais shinsearaigh;

(c) sannfar LGD 25 % do risíochtaí ar bhannaí faoi chumhdach, dá dtagraítear in Airteagal 129.

▼C7

4. Chun críocha an ríomha a leagtar amach i mír 1 agus mír 2, déanfar méideanna barúlacha a chinneadh mar seo a leanas:

(a) is éard atá sa mhéid barúlach i gcás banna luach ainmniúil na hionstraime fiachais;

(b) is éard atá sa mhéid barúlach i gcás céadrogha ar cheannach atá díolta maidir le banna méid barúlach na céadrogha; is é 0 an méid barúlach i gcás céadrogha ar dhíol atá ceannaithe maidir le banna.

5. Maidir le risíochtaí ar ionstraimí cothromais, déanfaidh institiúidí ollmhéideanna JTD a ríomh leis na foirmlí seo a leanas, seachas na foirmlí dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2:

$$JTD_{long} = \max\{LGD \cdot V + P\&L_{long} + Adjustment_{long};\ 0\}$$

$$JTD_{short} = \min\{LGD \cdot V + P\&L_{short} + Adjustment_{short}\ ;\ 0\}$$

nuair atá:

JTDlong = ollmhéid JTD le haghaidh na risíochta fadtéarmaí;

$V_{notional}$ = méid barúlach na hionstraime cothromais; is éard atá sa mhéid barúlach luach cóir an chothromais le haghaidh ionstraimí cothromais airgid tirim;

$P\&L_{long}$ = téarma a oiriúnaíonn do ghnóthachain nó caillteanais arna gcur san áireamh cheana ag an institiúid de bharr athruithe ar luach cóir na hionstraime lena gcruthaítear an risíocht fhadtéarmach; is le comhartha deimhneach a iontrálfar gnóthachain san fhoirmle agus is le comhartha diúltach a iontrálfar caillteanais san fhoirmle;

$Adjustment_{long}$ = an méid a mhéadófaí nó a laghdófaí, de bharr struchtúr na hionstraime díorthaí, caillteanas na hinstitiúide i gcás mainneachtana i gcoibhneas le caillteanas iomlán na hionstraime foluite; iontrálfar méaduithe i dtéarma $Adjustment_{long}$ agus comhartha deimhneach leo agus iontrálfar caillteanais i dtéarma $Adjustment_{long}$ agus comhartha diúltach leo.

JTDshort = ollmhéid JTD le haghaidh risíochta gearrthéarmaí;

$P\&L_{short}$ = téarma a oiriúnaíonn do ghnóthachain nó caillteanais arna gcur san áireamh cheana ag an institiúid de bharr athruithe ar luach cóir na hionstraime lena gcruthaítear an risíocht ghearrthéarmach; is le comhartha deimhneach a iontrálfar gnóthachain san fhoirmle agus is le comhartha diúltach a iontrálfar caillteanais san fhoirmle; agus

▼C7

$Adjustment_{short}$ = an méid a mhéadófaí nó a laghdófaí, de bharr struchtúr na hionstraime díorthaí, gnóthachan na hinstitiúide i gcás mainneachtana i gcoibhneas le caillteanas iomlán na hionstraime foluití; i gcás laghduithe, iontrálfar $Adjustment_{short}$ agus comhartha deimhneach leis, agus i gcás méaduithe, agus comhartha diúltach leis.

▼M8

6. Sannfaidh institiúidí LGD 100 % d'ionstraimí cothromais chun críocha an ríomha a leagtar amach i mír 5.

7. I gcás risíochtaí ar phriacal mainneachtana a thagann ó ionstraimí díorthacha nach bhfuil baint ag a ndea-thorthaí i gcás mhainneachtana an fhéichiúnaí le méid barúlach ionstraime ar leith arna heisiúint ag an bhféichiúnaí sin nó le LGD an fhéichiúnaí nó le hionstraim arna heisiúint ag an bhféichiúnaí sin, déanfaidh institiúidí modheolaíochtaí malartacha a úsáid chun ollmhéideanna JTD a mheas.

8. Ceapfaidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na nithe seo a leanas a shonrú:

▼C7

(a) an dóigh a bhfuil institiúidí leis na comhpháirteanna $P\&L_{long}$, $P\&L_{short}$, $Adjustment_{long}$ and $Adjustment_{short}$ a dhearbhú agus méideanna JTD á ríomh acu maidir le cineálacha difriúla ionstraimí i gcomhréir leis an Airteagal seo;

▼M8

(b) na modheolaíochtaí malartacha atá le húsáid ag institiúidí chun críocha ollmhéideanna JTD a mheas dá dtagraítear i mír 7.

(c) méideanna barúlacha ionstraimí seachas na cinn dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) de mhír 4.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoi cheann 28 Meitheamh 2021.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 325x*

**Glanmhéideanna na mainneachtana gan choinne**

1. Déanfaidh institiúidí na glanmhéideanna JTD a ríomh trí ollmhéideanna JTD risíochtaí gearrthéarmacha agus risíochtaí fadtéarmacha a fhritháireamh. Ní fhéadfar fritháireamh a dhéanamh ach amháin idir risíochtaí ar a bhféichiúnaí céanna i gcás ina mbíonn an tsinsearacht chéanna nó sinsearacht níos ísle ag na risíochtaí gearrthéarmacha ná na risíochtaí fadtéarmacha.

▼**M8**

2. Beidh an fritháireamh iomlán nó páirteach, ag brath ar aibíochtaí na risíochtaí fritháirimh.

(a) Déanfar fritháireamh iomlán i gcás ina mbíonn aibíochtaí de thréimhse bliana nó níos mó ag na risíochtaí fritháirimh.

(b) Beidh an fritháireamh páirteach i gcás ina mbíonn aibíocht níos lú ná bliain amháin ag ceann de na risíochtaí fritháirimh, agus sa chás sin, déanfar méid JTD gach risíochta a bhfuil risíocht níos lú ná bliain amháin aige a iolrú faoi choibhneas aibíocht na risíochta i dtaca le bliain amháin.

3. I gcás nach bhféadtar fritháireamh a dhéanamh beidh ollmhéideanna JTD cothrom le glanmhéideanna JTD i gcás risíochtaí a bhfuil aibíochtaí de thréimhse bliana nó níos mó acu. Déanfar ollmhéideanna JTD a bhfuil aibíochtaí acu ar lú ná bliain iad a iolrú faoi choibhneas aibíocht na risíochta i dtaca le bliain amháin, agus iosráta trí mhí i gceist, chun glanmhéideanna JTD a ríomh.

4. Chun críocha mhíreanna 2 agus 3, déanfar aibíochtaí na gconarthaí díorthacha, seachas aibíochtaí a n-ionstraimí foluiteacha, a mheas. Déanfar aibíocht bliana nó trí mhí a shannadh do risíochtaí ar chothromas airgid thirim, ar rogha na hinstitiúide.

*Airteagal 325y*

**Ceanglais cistí dílse i gcomhair priacal mainneachtana a ríomh**

1. Déanfar glanmhéideanna JTD, gan beann ar an gcineál contrapháirtí, a iolrú faoi na hualuithe priacail mainneachtana a chomhfhreagraíonn dá gcáilíocht chreidmheasa, mar a leagtar amach i dTábla 2:

*Tábla 2*

| Catagóir cáilíochta creidmheasa | Ualú priacail mainneachtana |
|---|---|
| Céim cáilíochta creidmheasa 1 | 0,5 % |
| Céim cáilíochta creidmheasa 2 | 3 % |
| Céim cáilíochta creidmheasa 3 | 6 % |
| Céim cáilíochta creidmheasa 4 | 15 % |
| Céim cáilíochta creidmheasa 5 | 30 % |
| Céim cáilíochta creidmheasa 6 | 50 % |
| Gan rátáil | 15 % |
| Mainnithe | 100 % |

2. Risíochtaí a bhfaigheadh ualú priacail 0 % faoin gCur Chuige Caighdeánaithe maidir le priacal creidmheasa i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal II, gheobhaidh siad ualú priacail mainneachtana 0 % do na ceanglais cistí dílse i gcomhair priacal mainneachtana.

3. Déanfar glanmhéideanna ualaithe JTD a shannadh do na buicéid seo a leanas: corparáidí, flaithiúnais, agus rialtais áitiúla/bardais.

▼M8

4. Déanfar glanmhéideanna ualaithe JTD a chomhiomlánú le gach buicéad i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

▼C7

$$DRC_b = \max\left\{\left(\sum_{i \in long} RW_i \cdot net\ JTD_i\right) - WtS \cdot \left(\sum_{i \in short} RW_i \cdot |net\ JTD_i|\right); 0\right\}$$

▼M8

nuair atá:

▼C7

$DRC_b$ = an ceanglas cistí dílse i gcomhair an phriacail mhainneachtana do bhuicéad b;

i = an t-innéacs a léiríonn ionstraim a bhaineann le buicéad b;

$RW_i$ = an t-ualach priacail; agus maidir le priacal

▼M8

WtS = coibhneas lena n-aithnítear leas le haghaidh gaolta fálaithe laistigh de bhuicéad, a dhéanfar a ríomh mar a leanas:

$$WtS = \frac{\sum netJTD_{long}}{\sum netJTD_{long} + \sum |netJTD_{short}|}$$

Chun críocha DRCb agus WtS a ríomh, déanfar suimiú na suíomhanna fada agus na suíomhanna gearra a chomhiomlánú maidir le gach suíomh laistigh de bhuicéad, gan beann ar an gcéim cáilíochta creidmheasa ar a ndéantar na suíomhanna sin a leithdháileadh, chun na ceanglais cistí dílse um phriacal mainneachtana a bhaineann go sonrach le buicéid ar leith a fháil.

5. Déanfar an ceanglas cistí dílse i gcomhair priacal mainneachtana maidir le hurrúsúcháin a ríomh mar shuim shimplí na gceanglas cistí dílse ar leibhéal an bhuicéid.

Foroinn 2

**Ceanglais cistí dílse i gcomhair priacal mainneachtana le haghaidh urrúsúchán nach n-áirítear i ACTP**

*Airteagal 325z*

**Méideanna na mainneachtana gan choinne**

1. Is éard a bheidh sna hollmhéideanna mainneachtana gan choinne i gcomhair risíochtaí urrúsúcháin a luach margaidh, nó, mura bhfuil fáil ar a luach margaidh, a luach cóir a chinnfear i gcomhréir leis an gcreat cuntasaíochta is infheidhme.

2. Déanfar glanmhéideanna mainneachtana gan choinne a chinneadh trí ollmhéideanna mainneachtana fadtéarmacha gan choinne agus ollmhéideanna mainneachtana gearrthéarmacha gan choinne a fhritháireamh. Ní fhéadfar fritháireamh a dhéanamh ach amháin idir risíochtaí urrúsúcháin a bhfuil an comhthiomsú sócmhainní foluiteacha céanna acu agus ar leis an tráinse céanna iad. Ní cheadófar aon fhritháireamh idir risíochtaí urrúsúcháin a bhfuil comhthiomsuithe sócmhainní foluiteacha difriúla acu, fiú amháin i gcás inarb ionann na pointí astaithe agus na pointí dí-astaithe.

3. I gcás inar féidir risíochtaí urrúsaithe eile atá ann cheana a aithris go hiomlán, trí risíochtaí urrúsúcháin atá ann cheana a dhíchomhdhéanamh nó a chumasc, seachas gné na haibíochta, féadfar na risíochtaí a thiocfaidh as an dí-chomhdhéanamh sin nó as an gcumasc sin a úsáid in ionad na risíochtaí urrúsúcháin atá ann cheana chun críche fritháirimh.

▼M8

4. I gcás inar féidir struchtúr tráinse iomláin risíochta urrúsúcháin atá ann cheana a aithris go hiomlán, trí risíochtaí atá ann cheana a dhí-chomhdhéanamh nó a chumasc in ainmneacha foluiteacha, féadfar na risíochtaí a thiocfaidh as an dí-chomhdhéanamh sin nó as an gcumasc sin a úsáid in ionad na risíochtaí urrúsúcháin atá ann cheana chun críche fritháirimh. I gcás ina n-úsáidfear ainmneacha foluiteacha ar an dóigh sin, ní dhéanfar déileáil leo a thuilleadh mar phriacal mainneachtana neamh-urrúsúcháin.

5. Beidh feidhm ag Airteagal 325x maidir le risíochtaí ar urrúsúcháin atá ann cheana agus maidir le risíochtaí urrúsúcháin a úsáidfear i gcomhréir le mír 3 nó le mír 4 den Airteagal seo. Is éard a bheidh sna haibíochtaí ábhartha aibíochtaí ábhartha na dtráinsí urrúsúcháin.

*Airteagal 325aa*

**Ceanglas cistí dílse i gcomhair priacal mainneachtana le haghaidh urrúsúchán a ríomh**

1. Déanfar glanmhéideanna JTD risíochtaí urrúsúcháin a iolrú faoi 8 % den ualú priacail a bhfuil feidhm aige maidir leis an risíocht urrúsúcháin ábhartha, lena n-áirítear urrúsúcháin atá simplí, trédhearcach agus caighdeánaithe (STS), sa leabhar neamhthrádála i gcomhréir le hordlathas na gcineálacha cur chuige a leagtar amach i Roinn 3 de Chaibidil 5 de Theideal II agus gan beann ar an gcineál contrapháirtí.

2. Cuirfear aibíocht bliana amháin i bhfeidhm ar gach tráinse i gcás ina ndéantar ualaí priacail a ríomh i gcomhréir leis an gCur Chuige Urrúsaithe Bunaithe ar Rátálacha Inmheánacha (SEC-IRBA) agus leis an gCur Chuige Urrúsaithe Bunaithe ar Rátálacha Seachtracha (SEC-ERBA).

3. Déanfar méideanna JTD priacal-ualaithe le haghaidh risíochtaí urrúsúcháin airgid thirim a uasteorannú ar luach cóir an tsuímh.

4. Déanfar glanmhéideanna JTD priacal-ualaithe a shannadh do na buicéid seo a leanas:

(a) aon chomhbhuicéad amháin do na corparáidí go léir, gan beann ar an réigiún;

(b) 44 bhuicéad éagsúla, is é sin buicéad amháin in aghaidh an réigiúin do gach ceann de an 11 aicme sócmhainne a shainmhínítear sa dara fomhír.

Chun críocha na chéad fhomhíre, is iad seo a leanas an 11 aicme sócmhainne: ABPC, iasachtaí /léasanna le haghaidh gluaisteáin, urrúis de bhun morgáistí cónaithe, cártaí creidmheasa, urrúis de bhun morgáistí tráchtála, oibleagáidí iasachta atá comhthaobhaithe, oibleagáid fiachais atá comhthaobhaithe-cearnaithe, fiontair bheaga agus mheánmhéide ("FBManna"), iasachtaí mic léinn, miondíol eile, mórdhíol eile. Is iad an Áise, an Eoraip, Meiriceá Thuaidh, agus an chuid eile den domhan na ceithre réigiún.

5. Chun risíocht urrúsúcháin a shannadh do bhuicéad, braithfidh institiúidí ar aicmiú a úsáidtear go coitianta sa mhargadh. Ní dhéanfaidh institiúidí gach risíocht urrúsúcháin a shannadh ach do cheann amháin de na buicéid dá dtagraítear i mír 4. Aon risíocht neamhurrúsúcháin nach bhféadfaidh institiúid a shannadh do bhuicéad i gcomhair aicme sócmhainne nó réigiúin, déanfar an risíocht sin a shannadh don aicme sócmhainne dar teideal "miondíol eile", "mórdhíol eile" nó "an chuid eile den domhan", faoi seach.

▼**M8**

6. Déanfar glanmhéideanna ualaithe JTD a chomhiomlánú laistigh de gach buicéad ar an dóigh chéanna a ndéantar maidir le risíochtaí neamhurrúsúcháin ar phriacal mainneachtana, agus an foirmle in Airteagal 325y(4) á úsáid, agus is as sin a gheofar an ceanglas cistí dílse i gcomhair priacal mainneachtana do gach buicéad.

7. Déanfar an ceanglas deiridh cistí dílse i gcomhair priacal mainneachtana le haghaidh urrúsúchán nach n-áirítear i ACTP a ríomh mar shuim shimplí na gceanglas cistí dílse ar leibhéal an bhuicéid.

Foroinn 3

**Ceanglais cistí dílse i gcomhair priacal mainneachtana maidir le hurrúsúcháin a áirítear i ACTP**

*Airteagal 325ab*

**Raon feidhme**

1. Maidir le ACTP, is éard a bheidh sna ceanglais cistí dílse an priacal mainneachtana i gcomhair risíochtaí urrúsúcháin agus i gcomhair fáluithe neamhurrúsúcháin. Déanfar na fáluithe sin a bhaint de ríomhanna an phriacail mainneachtana neamhurrúsúcháin. Ní bheidh aon éagsúlú idir na ceanglais cistí dílse i gcomhair priacal mainneachtana do neamhurrúsúcháin, na ceanglais cistí dílse i gcomhair priacal mainneachtana d'urrúsúcháin nach n-áirítear i ACTP agus na ceanglais cistí dílse i gcomhair priacal mainneachtana d'urrúsúcháin a áirítear i ACTP.

2. Maidir le díorthaigh chreidmheasa agus chothromais neamhurrúsaithe trádálaithe, déanfar méideanna JTD a chinneadh trí chur chuige trédhearcaithe a chur i bhfeidhm.

*Airteagal 325ac*

**Méideanna mainneachtana gan choinne i gcomhair ACTP**

1. Chun críocha an Airteagail seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn “dí-chomhdhéanamh le samhail luachála” go luachálfar comhdhéanamh aonainm neamhurrúsúcháin mar an difríocht idir luach neamhchoinníollach an urrúsúcháin agus luach coinníollach an urrúsúcháin ag glacadh leis go mainneoidh an t-aonainm sin le LGD 100 %;

(b) ciallaíonn “macasamhlú” go ndéantar an teaglaim tráinsí innéacs neamhurrúsúcháin aonair a chumasc chun tráinse eile den tsraith innéacs sin a mhacasamhlú, nó chun suíomh nach bhfuil i dtráinse sa tsraith innéacs a mhacasamhlú;

(c) ciallaíonn “dí-chomhdhéanamh” innéacs a mhacasamhlú trí urrúsúchán inarb ionann na risíochtaí sa chomhthiomsú agus na risíochtaí aonainm lena gcomhdhéantar an t-innéacs.

2. Is éard a bheidh sna hollmhéideanna JTD i gcomhair risíochtaí urrúsúcháin agus i gcomhair risíochtaí neamhurrúsúcháin in ACTP a luach margaidh, nó, mura bhfuil fáil ar a luach margaidh, a luach cóir a chinnfear i gcomhréir leis an gcreat cuntasaíochta is infheidhme.

▼M8

3. Déileálfar le táirgí $N^{ú}$ mainneachtana mar tháirgí i dtráinsí a mbeidh na pointí astaithe agus na pointí dí-astaithe seo acu:

(a) pointe astaithe = (N – 1) / Ainmneacha Iomlána;

(b) pointe dí-astaithe = N / Ainmneacha Iomlána;

i gcás inarb é “Ainmneacha Iomlána” líon iomlán na n-ainmneacha sa bhascaed nó sa chomhthiomsú comhfhreagrach.

4. Déanfar glanmhéideanna JTD a chinneadh trí ollmhéideanna JTD fadtéarmacha agus ollmhéideanna JTD gearrthéarmacha a fhritháireamh. Ní fhéadfar fritháireamh a dhéanamh ach amháin idir risíochtaí arb ionann iad ar gach dóigh ach amháin maidir le haibíocht. Ní fhéadfar fritháireamh a dhéanamh ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) maidir le hinnéacsanna, tráinsí innéacs agus tráinsí saincheaptha, féadfar fritháireamh a dhéanamh ar aibíochtaí sa chlann innéacs chéanna, sa tsraith innéacs chéanna agus sa tráinse innéacs céanna, faoi réir na bhforálacha maidir le risíochtaí ar lú ná bliain amháin iad mar a leagtar síos in Airteagal 325x; is féidir méideanna JTD fadtéarmacha agus méideanna JTD gearrthéarmacha, ar maca-samhlaithe foirfe iad, a fhritháireamh trína ndí-chomhdhéanamh i risíochtaí coibhéiseacha aonainm agus shamhail luachála á húsáid; i gcásanna den chineál sin beidh suim na n-ollmhéideanna JTD de chuid risíochtaí coibhéiseacha aonainm arna bhfáil trí dhí-chomhdhéanamh cothrom le hollmhéid JTD na risíochta neamh-dhí-chomhdhéanta.

(b) ní cheadófar fritháireamh, mar a leagtar síos i bpointe (a) é, trí dhí-chomhdhéanamh maidir le hathurrúsúcháin nó le díorthaigh ar urrú-súcháin.

(c) maidir le hinnéacsanna agus tráinsí innéacs, beidh fritháireamh indéanta ar aibíochtaí sa chlann innéacs chéanna, sa tsraith innéacs chéanna agus sa tráinse innéacs céanna trí mhacasamhlú nó trí dhí-chomhdhéanamh; i gcás ina mbeidh na risíochtaí fadtéarmacha agus na risíochtaí gearrthéarmacha coibhéiseach, seachas comhpháirt iarmharach aonair, ceadófar fritháireamh agus léireoidh glanmhéid JTD an risíocht iarmharach.

(d) ní cheadófar tráinsí difriúla sa tsraith innéacs chéanna, i sraitheanna difriúla den innéacs céanna agus i gclanna innéacs difriúla a fhri-tháireamh ar a chéile.

*Airteagal 325ad*

**Na ceanglais chistí dílse i gcomhair priacal mainneachtana le haghaidh ACTP a ríomh**

1. Déanfar glanmhéideanna JTD a iolrú:

(a) i gcás táirgí i dtráinsí, faoi na hualuithe priacail mainneachtana atá comhfhreagrach lena gcáilíocht chreidmheasa mar a shainítear i mír (1) agus mír (2) d'Airteagal 325y;

(b) i gcás táirgí nach bhfuil i dtráinsí, na hualuithe priacail main-neachtana dá dtagraítear in Airteagal 325aa(1).

2. Déanfar glanmhéideanna priacal-ualaithe JTD a shannadh do bhuicéid a bhíonn comhfhreagrach le hinnéacs.

▼M8

3. Déanfar glanmhéideanna ualaithe JTD a chomhiomlánú le gach buicéad i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$DRC_b = \max \{(\Sigma_{i \in long} RW_i \cdot net\ JTD_i) - WtS_{ACTP} \cdot (\Sigma_{i \in short} RW_i \cdot |net\ JTD_i|); 0\}$

nuair atá:

DRCb = an ceanglas cistí dílse maidir le priacalmaidir leis an bpriacal mainneachtana do bhuicéad b;

i = ionstraim atá i mbuicéad b; agus

▼C7

$WtS_{ACTP}$ = an cóimheas lena n-aithnítear tairbhe maidir le gaolta fálaithe laistigh de bhuicéad, a ríomhfar i gcomhréir leis an bhfoirmle WtS a leagtar amach in Airteagal 325y(4), ach trí úsáid a bhaint as suíomhanna fada agus gearra ar ACTP iomlán seachas ar na suíomhanna i mbuicéad ar leith amháin.

▼M8

4. Déanfaidh institiúidí na ceanglais cistí dílse um phriacal mainneachtana le haghaidh ACTP a ríomh tríd an bhfoirmle seo a leanas a úsáid:

▼C7

$$DRC_{ACTP} = \max\left\{\sum_b (\max\{DRC_b, 0\} + 0{,}5 \cdot \min\{DRC_b, 0\}); 0\right\}$$

▼M8

nuair:

$DRC_{ACTP}$ = na ceanglais cistí dílse um phriacal mainneachtana le haghaidh ACTP; agus

$DRC_b$ = na ceanglais cistí dílse um phriacal mainneachtana do bhuicéad b.

## Roinn 6

## Ualuithe priacail agus comhghaolta

### Foroinn 1

### Ualuithe priacail deilte agus comhghaolta

#### *Airteagal 325ae*

#### Ualuithe priacail do phriacal ráta úis ginearálta

▼M12

1. Maidir le hairgeadraí nach n-áirítear i bhfochatagóir na n-airgeadraí is leachtaí amhail dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 325bd(7), is mar seo a leanas a bheidh ualaí riosca na n-íogaireachtaí ar na fachtóirí riosca ráta saor ó riosca:

*Tábla 3*

| Buicéad | Aibíocht | Ualú Riosca |
|---|---|---|
| 1 | 0,25 bliain | 1,7 % |
| 2 | 0,5 bliain | 1,7 % |
| 3 | 1 bhliain | 1,6 % |
| 4 | 2 bhliain | 1,3 % |
| 5 | 3 bliana | 1,2 % |
| 6 | 5 bliana | 1,1 % |

▼M12

| Buicéad | Aibíocht | Ualú Riosca |
|---|---|---|
| 7 | 10 mbliana | 1,1 % |
| 8 | 15 bliana | 1,1 % |
| 9 | 20 bliain | 1,1 % |
| 10 | 30 bliain | 1,1 % |

2. Cuirfidh institiúidí ualú riosca 1,6 % i bhfeidhm maidir le híogaireachtaí uile an bhoilscithe agus maidir le fachtóirí riosca trasairgeadrabhunaithe.

▼M8

3. Maidir leis na hairgeadraí san fhochatagóir airgeadra is leachtaí dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 325bd(7) agus airgeadra intíre na hinstitiúide, is éard a bheidh in ualaí priacail na rátaí priacail saor ó phriacal na hualaí priacail dá dtagraítear i dTábla 3 arna roinnt ar$\sqrt{2}$.

*Airteagal 325af*

**Comhghaolta laistigh de bhuicéad maidir le priacal ráta úis ginearálta**

1. An comhghaol idir dhá íogaireacht ualaithe ar na fachtóirí priacail ráta úis ginearálta WSk agus WSl laistigh den bhuicéad céanna, a bhfuil an aibíocht shannta chéanna acu ach a bhíonn comhfhreagrach le cuair dhifriúla, socrófar an comhghaol pkl sin ar 99,90 %.

2. An comhghaol idir dhá íogaireacht ualaithe ar na fachtóirí priacail ráta úis ginearálta WSk agus WSl laistigh den bhuicéad céanna, a bhíonn comhfhreagrach leis an gcuar céanna, ach a bhfuil aibíochtaí difriúla acu, socrófar an comhghaol sin i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$\max\left[e^{\left(-\theta\cdot\frac{|T_k-T_l|}{\min\{T_k;\,T_l\}}\right)};\ 40\ \%\right]$$

nuair atá:

$T_k$ ($T_l$ faoi seach) = an aibíocht a bhaineann leis an ráta priacail saor ó phriacal;

$\theta$ = 3 %.

3. An comhghaol idir dhá íogaireacht ualaithe ar na fachtóirí priacail ráta úis ginearálta WSk agus WSl laistigh den bhuicéad céanna, atá comhfhreagrach le cuair dhifriúla agus a bhfuil aibíochtaí difriúla acu, beidh an comhghaol ρkl sin cothrom leis an bparaiméadar comhghaoil mar a shainítear i mír 2 iolraithe faoi 99,90 %.

4. Socrófar ar 40 % an comhghaol idir aon íogaireacht ualaithe ar leith ar na fachtóirí priacail ráta úis ginearálta WSk agus aon íogaireacht ualaithe ar leith ar na fachtóirí priacail boilscithe WSl.

5. Socrófar ar 0 % an comhghaol idir aon íogaireacht ualaithe ar na fachtóirí ar bhonn trasairgeadra WSk agus aon íogaireacht ualaithe ar leith ar na fachtóirí priacail ráta úis ginearálta WSl, lena n-áirítear fachtóir priacail eile ar bhonn trasairgeadra.

▼M8

*Airteagal 325ag*

**Comhghaolta i mbuicéid difriúla i gcomhair priacal ráta úis ginearálta**

1. Déanfar an paraiméadar γbc = 50 % a úsáid chun fachtóirí priacail a bhaineann le buicéid éagsúla a chomhiomlánú.

2. Déanfar an paraiméadar $\gamma_{bc}$ = 80 % a úsáid chun fachtóir priacail ráta úis bunaithe ar airgeadra dá dtagraítear in Airteagal 325av(3) agus fachtóir priacail ráta úis bunaithe ar an euro a chomhiomlánú.

*Airteagal 325ah*

**Ualuithe priacail i gcomhair an phriacail um raon difríochta creidmheasa le haghaidh neamhurrúsúchán**

1. Is ionann na hualuithe priacail do na híogaireachtaí ar fhachtóirí priacail um raon difríochta creidmheasa (neamhurrúsúcháin) i dtaca le gach aibíocht (0,5 bliain, 1 bhliain, 3 bliana, 5 bliana, 10 mbliana) laistigh de gach buicéad i dTábla 4:

▼M12

*Tábla 4*

| Uimhir bhuicéid | Cáilíocht chreidmheasa | Earnáil | Ualú riosca |
|---|---|---|---|
| 1 | Gach catagóir | Rialtas láir, lena n-áirítear bainc cheannais, na mBallstát | 0,5 % |
| 2 | Céim cáilíochta creidmheasa 1 go 3 | Rialtas láir, lena n-áirítear bainc cheannais, tríú tír, bainc forbartha iltaobhacha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 117(2) nó in Airteagal 118 | 0,5 % |
| 3 | | Údaráis réigiúnacha nó áitiúla agus eintitis earnála poiblí | 1,0 % |
| 4 | | Eintitis earnála airgeadais lena n-áirítear institiúidí creidmheasa atá corpraithe nó bunaithe ag rialtas láir, rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil agus iasachtóirí cur chun cinn | 5,0 % |
| 5 | | Bunábhair, fuinneamh, tionscail, talmhaíocht, monarú, mianadóireacht agus cairéalacht | 3,0 % |
| 6 | | Earraí agus seirbhísí tomhaltais, iompar agus stóráil, gníomhaíochtaí seirbhíse riaracháin agus tacaíochta | 3,0 % |
| 7 | | Teicneolaíocht, teileachumarsáid | 2,0 % |
| 8 | | Cúram sláinte, fóntais, gníomhaíochtaí gairmiúla agus teicniúla | 1,5 % |
| 9 | | Bannaí faoi chumhdach arna n-eisiúint ag institiúidí creidmheasa atá bunaithe i mBallstáit | 1,0 % |
| 10 | Céim cáilíochta creidmheasa 1 | Bannaí faoi chumhdach arna n-eisiúint ag institiúidí creidmheasa i dtríú tíortha | 1,5 % |
| | Céimeanna cáilíochta creidmheasa 2 go 3 | | 2,5 % |

▼M12

| Uimhir bhuicéid | Cáilíocht chreidmheasa | Earnáil | Ualú riosca |
|---|---|---|---|
| 11 | Céim cáilíochta creidmheasa 4 go 6 agus gan rátáil | Rialtas láir, lena n-áirítear bainc cheannais, tríú tír, bainc forbartha iltaobhacha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 117(2) nó in Airteagal 118 | 2 % |
| 12 | | Údaráis réigiúnacha nó áitiúla agus eintitis earnála poiblí | 4,0 % |
| 13 | | Eintitis earnála airgeadais lena n-áirítear institiúidí creidmheasa atá corpraithe nó bunaithe ag rialtas láir, rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil agus iasachtóirí cur chun cinn | 12,0 % |
| 14 | | Bunábhair, fuinneamh, tionscail, talmhaíocht, monarú, mianadóireacht agus cairéalacht | 7,0 % |
| 15 | | Earraí agus seirbhísí tomhaltais, iompar agus stóráil, gníomhaíochtaí seirbhíse riaracháin agus tacaíochta | 8,5 % |
| 16 | | Teicneolaíocht, teileachumarsáid | 5,5 % |
| 17 | | Cúram sláinte, fóntais, gníomhaíochtaí gairmiúla agus teicniúla | 5,0 % |
| 18 | Earnáil eile | | 12,0 % |
| 19 | Innéacsanna creidmheasa liostaithe ina bhfuil formhór a gcomhpháirteanna aonair ar ghrád infheistíochta | | 1,5 % |
| 20 | Innéacsanna creidmheasa liostaithe ina bhfuil formhór a gcomhpháirteanna aonair ar ghrád neamhinfheistíochta nó gan rátáil | | 5 % |

▼M8

2. Chun risíocht ar phriacal á sannadh d'earnáil, braithfidh institiúidí ar aicmiú a úsáidtear go coitianta sa mhargadh chun eisitheoirí a ghrúpáil de réir earnála. Déanfaidh institiúidí gach eisitheoir a shannadh do cheann amháin de na buicéid earnála i dTábla 4. Risíochtaí ar phriacal ó eisitheoir ar bith nach féidir le hinstitiúid a shannadh d'earnáil ar leith ar an gcaoi sin, déanfar na risíochtaí sin a shannadh do bhuicéad 18 i dTábla 4.

*Airteagal 325ai*

**Comhghaolta laistigh de bhuicéad maidir le priacal um raon difríochta creidmheasa le haghaidh neamhurrúsúchán**

1. Socrófar an paraiméadar comhghaoil $\rho_{kl}$, idir dhá íogaireacht WS“k” agus WS“l” laistigh den bhuicéad céanna, mar a leanas:

$$\rho_{kl} = \rho_{kl}^{(name)} \cdot \rho_{kl}^{(tenor)} \cdot \rho_{kl}^{(basis)}$$

nuair:

beidh $\rho_{kl}^{(name)}$ cothrom le 1 i gcás inarb ionann an dá ainm de chuid íogaireachtaí k agus l, agus 35 % i gcásanna eile;

beidh $\rho_{kl}^{(tenor)}$ cothrom le 1 i gcás inarb ionann an dá rinn de chuid íogaireachtaí k agus l, agus 65 % i gcásanna eile;

$\rho_{kl}^{(basis)}$ cothrom le 1 i gcás ina mbaineann an dá íogaireacht leis na cuair chéanna, agus 99,90 % i gcásanna eile.

2. Ní bheidh feidhm ag na paraiméadair comhghaoil dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo maidir le buicéad 18 i dTábla 4 de Airteagal 325ah(1). Beidh an ceanglas caipitil maidir leis an bhfoirmle comhiomlánaithe priacail deilte cothrom le suim luachanna absalóideacha na nglaníogaireachtaí ualaithe a leithdháiltear ar an mbuicéad sin:

$$K_{b(buicéad\ 18)} = \sum_k |WS_k|$$

▼M8

*Airteagal 325aj*

**Comhghaolta i mbuicéid difriúla i gcomhair priacail um raon difríochta creidmheasa le haghaidh neamhurrúsúchán**

Déanfar an paraiméadar comhghaoil $\gamma_{bc}$ a bhfuil feidhm aige maidir le comhiomlánú na n-íogaireachtaí idir buicéid dhifriúla a shocrú mar a leanas:

$$\gamma_{bc} = \gamma_{bc}^{(rating)} \gamma_{bc}^{(sector)}$$

agus is amhlaidh an méid a leanas:

beidh $\gamma_{bc}^{(rating)}$ cothrom le 1 i gcás ina bhfuil an catagóir cáilíochta creidmheasa ag an dá bhuicéad sin (céim cáilíochta creidmheasa 1 go 3 nó céim cáilíochta creidmheasa 4 go 6 den cháilíocht chreidmheasa), agus 50 % i gcásanna eile. Chun críocha an ríomha sin, measfar go mbeidh an catagóir cáilíochta creidmheasa chéanna ag buicéad 1 agus atá ag buicéid a bhfuil céim cáilíochta creidmheasa 1 go 3 acu; agus

beidh $\gamma_{bc}^{(sector)}$ cothrom le 1 i gcás ina bhfuil an dá bhuicéad san earnáil chéanna, agus leis na céatadáin chomhfhreagracha a leagtar amach i dTábla 5 i gcásanna eile:

▼M12

*Tábla 5*

| Buicéad | 1, 2 agus 11 | 3 agus 12 | 4 agus 13 | 5 agus 14 | 6 agus 15 | 7 agus 16 | 8 agus 17 | 9 agus 10 | 18 | 19 | 20 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1, 2 agus 11 | | 75 % | 10 % | 20 % | 25 % | 20 % | 15 % | 10 % | 0 % | 45 % | 45 % |
| 3 agus 12 | | | 5 % | 15 % | 20 % | 15 % | 10 % | 10 % | 0 % | 45 % | 45 % |
| 4 agus 13 | | | | 5 % | 15 % | 20 % | 5 % | 20 % | 0 % | 45 % | 45 % |
| 5 agus 14 | | | | | 20 % | 25 % | 5 % | 5 % | 0 % | 45 % | 45 % |
| 6 agus 15 | | | | | | 25 % | 5 % | 15 % | 0 % | 45 % | 45 % |
| 7 agus 16 | | | | | | | 5 % | 20 % | 0 % | 45 % | 45 % |
| 8 agus 17 | | | | | | | | 5 % | 0 % | 45 % | 45 % |
| 9 agus 10 | | | | | | | | | 0 % | 45 % | 45 % |
| 18 | | | | | | | | | | 0 % | 0 % |
| 19 | | | | | | | | | | | 75 % |
| 20 | | | | | | | | | | | |

▼M8

*Airteagal 325ak*

**Ualuithe priacail i gcomhair urrúsúcháin phriacail um raon difríochta creidmheasa a áirítear i ACTP**

Is ionann na hualuithe priacail do na híogaireachtaí ar fhachtóirí priacail um raon difríochta creidmheasa le haghaidh urrúsúchán a áirítear i ACTP i dtaca le gach aibíocht (0,5 bliain, 1 bhliain, 3 bliana, 5 bliana, 10 mbliana) laistigh de gach buicéad agus sonrófar iad do gach buicéad i dTábla 6 de bhun an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 461a:

▼M12

*Tábla 6*

| Uimhir bhuicéid | Cáilíocht chreidmheasa | Earnáil | Ualú riosca |
|---|---|---|---|
| 1 | Gach catagóir | Rialtas láir, lena n-áirítear bainc cheannais, na mBallstát | 4,0 % |
| 2 | Céim cáilíochta creidmheasa 1 go 3 | Rialtas láir, lena n-áirítear bainc cheannais, tríú tír, bainc forbartha iltaobhacha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 117(2) nó in Airteagal 118 | 4,0 % |
| 3 | | Údaráis réigiúnacha nó áitiúla agus eintitis earnála poiblí | 4,0 % |
| 4 | | Eintitis earnála airgeadais lena n-áirítear institiúidí creidmheasa atá corpraithe nó bunaithe ag rialtas láir, rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil agus iasachtóirí cur chun cinn | 8,0 % |
| 5 | | Bunábhair, fuinneamh, tionscail, talmhaíocht, monarú, mianadóireacht agus cairéalacht | 5,0 % |
| 6 | | Earraí agus seirbhísí tomhaltais, iompar agus stóráil, gníomhaíochtaí seirbhíse riaracháin agus tacaíochta | 4,0 % |
| 7 | | Teicneolaíocht, teileachumarsáid | 3,0 % |
| 8 | | Cúram sláinte, fóntais, gníomhaíochtaí gairmiúla agus teicniúla | 2,0 % |
| 9 | | Bannaí faoi chumhdach arna n-eisiúint ag institiúidí creidmheasa atá bunaithe i mBallstáit | 3,0 % |
| 10 | | Bannaí faoi chumhdach arna n-eisiúint ag institiúidí creidmheasa i dtríú tíortha | 6,0 % |
| 11 | Céim cáilíochta creidmheasa 4 go 6 agus gan rátáil | Rialtas láir, lena n-áirítear bainc cheannais, tríú tír, bainc forbartha iltaobhacha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 117(2) nó in Airteagal 118 | 13,0 % |
| 12 | | Údaráis réigiúnacha nó áitiúla agus eintitis earnála poiblí | 13,0 % |
| 13 | | Eintitis earnála airgeadais lena n-áirítear institiúidí creidmheasa atá corpraithe nó bunaithe ag rialtas láir, rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil agus iasachtóirí cur chun cinn | 16,0 % |
| 14 | | Bunábhair, fuinneamh, tionscail, talmhaíocht, monarú, mianadóireacht agus cairéalacht | 10,0 % |
| 15 | | Earraí agus seirbhísí tomhaltais, iompar agus stóráil, gníomhaíochtaí seirbhíse riaracháin agus tacaíochta | 12,0 % |
| 16 | | Teicneolaíocht, teileachumarsáid | 12,0 % |
| 17 | | Cúram sláinte, fóntais, gníomhaíochtaí gairmiúla agus teicniúla | 12,0 % |
| 18 | Earnáil eile | | 13,0 % |

▼M8

*Airteagal 325al*

**Comhghaolta i gcomhair urrúsúcháin phriacail raon difríochta creidmheasa a áirítear i ACTP**

1. Déanfar comhghaol priacail deilte $\rho_{kl}$ a dhíorthú i gcomhréir le hAirteagal 325ai, ach amháin go mbeidh 1 $\rho_{kl}^{(basis)}$, chun críocha na míre seo, cothrom le 1 i gcás ina mbaineann an dá íogaireacht leis na cuair chéanna, agus cothrom le 99,90 % i gcásanna eile.

2. Déanfar an comhghaol $\gamma_{bc}$ a dhíorthú i gcomhréir le hAirteagal 325aj.

▼**M8**

*Airteagal 325am*

**Ualuithe priacail i gcomhair urrúsúcháin phriacail raon difríochta creidmheasa nach n-áirítear i ACTP**

1. Is ionann na hualuithe priacail do na híogaireachtaí ar fhachtóirí priacail um raon difríochta creidmheasa le haghaidh hurrúsúchán nach n-áirítear i ACTP i dtaca le gach aibíocht (0,5 bliain, 1 bhliain, 3 bliana, 5 bliana, 10 mbliana) laistigh de gach buicéad i dTábla 7 agus sonrófar iad do gach buicéad i dTábla 7 de bhun an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 461a:

▼**M12**

*Tábla 7*

| Uimhir bhuicéid | Cáilíocht chreidmheasa | Earnáil | Ualú riosca |
|---|---|---|---|
| 1 | Céim cáilíochta Sinsear agus Creidmheasa 1 go 3 | RMBS – Príomh | 0,9 % |
| 2 | | RMBS – Meán-Phríomh | 1,5 % |
| 3 | | RMBS – Fo-Phríomh | 2,0 % |
| 4 | | CMBS | 2,0 % |
| 5 | | Urrúis de bhun sócmhainní (ABS) – Iasachtaí do Mhic Léinn | 0,8 % |
| 6 | | ABS - Cártaí creidmheasa | 1,2 % |
| 7 | | ABS - Gluaisteán | 1,2 % |
| 8 | | Oibleagáidí iasachta atá comhthaobhaithe (CLO) neamh-ACTP | 1,4 % |
| 9 | Céim cáilíochta neamh-shinsear agus creidmheasa 1 go 3 | RMBS – Príomh | 1,125 % |
| 10 | | RMBS – Meán-Phríomh | 1,875 % |
| 11 | | RMBS – Fo-Phríomh | 2,5 % |
| 12 | | CMBS | 2,5 % |
| 13 | | ABS – Iasachtaí do mhic léinn | 1 % |
| 14 | | ABS - Cártaí creidmheasa | 1,5 % |
| 15 | | ABS - Gluaisteán | 1,5 % |
| 16 | | CLO neamh-ACTP | 1,75 % |
| 17 | Céim cáilíochta creidmheasa 4 go 6 agus gan rátáil | RMBS – Príomh | 1,575 % |
| 18 | | RMBS – Meán-Phríomh | 2,625 % |
| 19 | | RMBS – Fo-Phríomh | 3,5 % |
| 20 | | CMBS | 3,5 % |
| 21 | | ABS – Iasachtaí do mhic léinn | 1,4 % |
| 22 | | ABS - Cártaí creidmheasa | 2,1 % |
| 23 | | ABS - Gluaisteán | 2,1 % |
| 24 | | CLO neamh-ACTP | 2,45 % |
| 25 | Earnáil eile | | 3,5 % |

▼**M8**

2. Chun risíocht ar phriacal á sannadh d'earnáil, braithfidh institiúidí ar aicmiú a úsáidtear go coitianta sa mhargadh chun eisitheoirí a ghrúpáil de réir earnála. Déanfaidh institiúidí gach tráinse a shannadh do cheann amháin de na buicéid earnála i dTábla 7. Risíochtaí ar phriacal ó thráinse ar bith nach féidir le hinstitiúid a shannadh d'earnáil ar leith ar an gcaoi sin, déanfar na risíochtaí sin a shannadh do bhuicéad 25.

*Airteagal 325an*

**Comhghaolta laistigh de bhuicéad i gcomhair urrúsúcháin phriacail raon difríochta creidmheasa nach n-áirítear i ACTP**

1. Idir dhá íogaireacht WS“k” agus WS“l” laistigh den bhuicéad céanna, socrófar an paraiméadar comhghaoil $\rho_{kl}$ mar a leanas:

$$\rho_{kl} = \rho_{kl}^{(tranche)} \cdot \rho_{kl}^{(tenor)} \cdot \rho_{kl}^{(basis)}$$

nuair is amhlaidh an méid a leanas:

beidh $\rho_{kl}^{(thranche)}$ cothrom le 1 i gcás ina bhfuil an dá ainm de chuid íogaireachtaí k agus l laistigh den bhuicéad céanna agus ina mbaineann siad leis an tráinse céanna urrúsúcháin (níos mó ná 80 % d'fhorluí i dtéarmaí barúlacha) agus cothrom le 40 % i gcásanna eile;

beidh $\rho_{kl}^{(tenor)}$ cothrom le 1 i gcás inarb ionann an dá rinn de chuid íogaireachtaí k agus l, agus cothrom le 80 % i gcásanna eile; agus

beidh $\rho_{kl}^{(basis)}$ cothrom le 1 i gcás ina mbaineann an dá íogaireacht leis na cuair chéanna, agus cothrom le 99,90 % i gcásanna eile.

2. Ní bheidh feidhm ag na paraiméadair chomhghaoil dá dtagraítear i mír 1 maidir le buicéad 25 i dTábla 7 d'Airteagal 325am(1). Beidh an ceanglas cistí dílse maidir leis an bhfoirmle chomhiomlánaithe priacail deilte laistigh de bhuicéad 25 cothrom le suim luachanna absalóideacha na nglaníogaireachtaí ualaithe a leithdháilfear ar an mbuicéad sin:

$$K_{b(\text{buicéad 25})} = \sum_{k} |WS_k|$$

*Airteagal 325ao*

**Comhghaolta i mbuicéid dhifriúla i gcomhair urrúsúcháin phriacail raon difríochta creidmheasa nach n-áirítear i ACTP**

1. Beidh feidhm ag an bparaiméadar comhghaoil $\gamma bc$ maidir le comhiomlánú na n-íogaireachtaí idir buicéid dhifriúla agus déanfar é a shocrú ag 0 %.

2. Suimeofar an ceanglas cistí dílse do bhuicéad 25 leis an gcaipiteal oll-leibhéil aicme phriacail, gan aon éagsúlú nó éifeachtaí fálaithe le buicéad ar bith eile a aithint.

*Airteagal 325ap*

**Ualuithe priacail i gcomhair priacal cothromais**

1. Déanfar na hualuithe priacail do na híogaireachtaí ar fhachtóirí priacail maidir le rátaí cothromais agus rátaí athcheannaigh cothromais a shonrú do gach buicéad i dTábla 8 de bhun an ghníomh tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 461a:

▼**M12**

*Tábla 8*

| Uimhir bhuicéid | Caipitliú margaidh | Geilleagar | Earnáil | Ualú riosca i gcomhair spotphraghas cothromais | Ualú riosca i gcomhair ráta athcheannaigh |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Mór | Geilleagar margaidh atá ag teacht chun cinn | Earraí agus seirbhísí tomhaltais, iompar agus stóráil, gníomhaíochtaí seirbhíse riaracháin agus tacaíochta, cúram sláinte, fóntais | 55 % | 0,55 % |
| 2 | | | Teileachumarsáid, scaireanna tionsclaíocha | 60 % | 0,60 % |
| 3 | | | Bunábhair, fuinneamh, talmhaíocht, monarú, mianadóireacht agus cairéalacht | 45 % | 0,45 % |
| 4 | | | Airgeadas lena n-áirítear airgeadas le taca rialtais, gníomhaíochtaí réadmhaoine, teicneolaíocht | 55 % | 0,55 % |
| 5 | | Geilleagar sárfhorbartha | Earraí agus seirbhísí tomhaltais, iompar agus stóráil, gníomhaíochtaí seirbhíse riaracháin agus tacaíochta, cúram sláinte, fóntais | 30 % | 0,30 % |
| 6 | | | Teileachumarsáid, scaireanna tionsclaíocha | 35 % | 0,35 % |
| 7 | | | Bunábhair, fuinneamh, talmhaíocht, monarú, mianadóireacht agus cairéalacht | 40 % | 0,40 % |
| 8 | | | Airgeadas lena n-áirítear airgeadas le taca rialtais, gníomhaíochtaí réadmhaoine, teicneolaíocht | 50 % | 0,50 % |
| 9 | Beag | Geilleagar margaidh atá ag teacht chun cinn | Gach earnáil a thuairiscítear faoi uimhreacha buicéid 1, 2, 3 agus 4 | 70 % | 0,70 % |
| 10 | | Geilleagar sárfhorbartha | Gach earnáil a thuairiscítear faoi uimhreacha buicéid 5, 6, 7 agus 8 | 50 % | 0,50 % |
| 11 | Earnáil eile | | | 70 % | 0,70 % |
| 12 | caidhp mhór mhargaidh, innéacsanna geilleagair shárfhorbartha | | | 15 % | 0,15 % |
| 13 | Innéacsanna eile | | | 25 % | 0,25 % |

▼**M8**

2. Chun críocha an Airteagail seo, sonrófar sna caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear in Airteagal 325bd(7) céard is caipitliú margaidh beag agus céard is caipitliú margaidh mór ann.

3. Chun críocha an Airteagail seo, déanfaidh ÚBE dréachtchaighdeáin rialála theicniúla a cheapadh lena shonrú céard is geilleagar i mbéal forbartha agus céard is geilleagar lánfhorbartha ann.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoi cheann 28 Meitheamh 2021.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

4. Agus risíocht ar phriacal á sannadh d'earnáil acu, braithfidh institiúidí ar aicmiú a úsáidtear go coitianta sa mhargadh chun eisitheoirí a ghrúpáil de réir earnála. Déanfaidh institiúidí gach eisitheoir a shannadh do cheann amháin de na buicéid earnála i dTábla 8, agus déanfaidh siad na heisitheoirí uile de chuid an tionscail chéanna a shannadh ar an earnáil chéanna. Risíochtaí ar phriacal ó eisitheoir ar bith nach féidir le

▼M8

hinstitiúid a shannadh d'earnáil ar leith ar an gcaoi sin, déanfar na risíochtaí sin a shannadh do bhuicéad 11 i dTábla 8. Déanfar eisitheoirí ilnáisiúnta nó il-earnála a shannadh do bhuicéad ar leith ar bhonn an réigiúin is mó lena mbaineann agus na hearnála ina n-oibríonn an t-eisitheoir cothromais.

*Airteagal 325aq*

**Comhghaolta laistigh de bhuicéad i gcomhair priacail cothromais**

▼M12

1. Déanfar paraiméadar comhghaoil riosca deilte $\rho_{kl}$ idir dhá íogaireacht S agus S laistigh den bhuicéad céanna a shocrú ag 99,90 % i gcás inarb íogaireacht ar spotphraghas cothromais ceann amháin acu agus gur íogaireacht ar ráta athcheannaigh cothromais an ceann eile agus ina mbaineann an dá íogaireacht leis an ainm eisitheora cothromais céanna

▼M8

2. I gcásanna eile seachas na cásanna dá dtagraítear i mír 1, déanfar an paraiméadar comhghaoil $\rho_{kl}$ idir dhá íogaireacht WS“k” agus WS“l” ar spotphraghas cothromais laistigh den bhuicéad céanna a shocrú mar a leanas:

(a) 15 % idir dhá íogaireacht laistigh den bhuicéad céanna a thagann faoin gcatagóir do chaipitliú margaidh mór, eacnamaíocht margaidh i mbéal forbartha (buicéad 1, 2, 3, nó 4);

(b) 25 % idir dhá íogaireacht laistigh den bhuicéad céanna a thagann faoin gcatagóir do chaipitliú margaidh mór, geilleagar sárfhorbartha (buicéad 5, 6, 7, nó 8);

(c) 7,5 % idir dhá íogaireacht laistigh den bhuicéad céanna a thagann faoin gcatagóir do chaipitliú margaidh beag, eacnamaíocht margaidh i mbéal forbartha (buicéad 9);

(d) 12,5 % idir dhá íogaireacht laistigh den bhuicéad céanna a thagann faoin gcatagóir do chaipitliú margaidh beag, geilleagar sárfhorbartha (buicéad 10);

▼M12

(e) 80 % idir dhá íogaireacht laistigh den bhuicéad céanna a thagann faoi bhuicéad innéacs (buicéad uimhir 12 nó 13).

3. Déanfar an paraiméadar comhghaoil $\rho_{kl}$ idir dhá íogaireacht $WS_k$ agus $WS_l$ ar rátaí athcheannaigh cothromais laistigh den bhuicéad céanna a shocrú i gcomhréir le pointí (a) go (d) de mhír 2.

▼M8

4. Idir dhá íogaireacht $WS_k$ agus $WS_l$ laistigh den bhuicéad céanna i gcás inar íogaireacht ar spotphraghas cothromais ceann amháin agus inar íogaireacht ar ráta athcheannaigh cothromais an ceann eile agus ina mbaineann an dá íogaireacht le hainm eisitheora cothromais difriúil, socrófar an paraiméadar comhghaoil $\rho_{kl}$ ag na paraiméadair chomhghaoil a shonraítear i mír 2, iolraithe faoi 99,90 %.

5. Ní bheidh feidhm ag na paraiméadair chomhghaoil a shonraítear i mír 1 go mír 4 maidir le buicéad 11. Beidh an ceanglas caipitil maidir leis an bhfoirmle chomhiomlánaithe phriacail deilte laistigh de bhuicéad 11 cothrom le suim luachanna absalóideacha na nglaníogaireachtaí ualaithe a leithdháiltear ar an mbuicéad sin:

▼M8

$$K_{b(\text{bucket } 11)} = \sum_k |WS_k|$$

▼M12

*Airteagal 325ar*

**Comhghaolta idir buicéid i gcomhair riosca cothromais**

Beidh feidhm ag an bparaiméadar comhghaoil $_c$ maidir le comhiomlánú íogaireachtaí idir buicéid éagsúla.

Socrófar é maidir le buicéid Thábla 8 in Airteagal 325ap mar a leanas:

(a) 15 % i gcás ina bhfuil an dá bhuicéad laistigh d'uimhreacha buicéid 1 go 10;

(b) 0 % i gcás ina bhfuil an dá bhuicéad laistigh d'uimhir bhuicéid 11;

(c) 75 % i gcás ina bhfuil an dá bhuicéad laistigh d'uimhir bhuicéid 12 go 13;

(d) 45 % i gcásanna eile.

*Airteagal 325as*

**Ualuithe riosca i gcomhair riosca tráchtearraí**

Is mar a leanas a bheidh na hualuithe riosca maidir le híogaireachtaí ar fhachtóirí riosca tráchtearraí:

*Tábla 9*

| Uimhir bhuicéid | Ainm buicéid | Ualú riosca |
|---|---|---|
| 1 | Fuinneamh – ábhair indóite sholadacha | 30 % |
| 2 | Fuinneamh – ábhair indóite leachtacha | 35 % |
| 3 | Fuinneamh – leictreachas agus trádáil charbóin | 60 % |
| 4 | Lasta | 80 % |
| 5 | Miotail – neamhlómhara | 40 % |
| 6 | Ábhair indóite ghásacha | 45 % |
| 7 | Miotail lómhara (lena n-áirítear ór) | 20 % |
| 8 | Gráin agus olashíol | 35 % |
| 9 | Beostoc agus déiríocht | 25 % |
| 10 | Táirgí boga agus táirgí eile talmhaíochta | 35 % |
| 11 | Tráchtearraí eile | 50 % |

▼**M8**

*Airteagal 325at*

**Comhghaolta laistigh de bhuicéad i gcomhair priacail tráchtearraí**

1. Chun críocha an Airteagail seo, measfar gur tráchtearraí éagsúla aon dá thráchtearra i gcás inarb ann ar an margadh dhá chonradh nach bhfuil de dhifear eatarthu ach an tráchtearra foluiteach a bheidh le seachadadh in aghaidh gach conartha acu.

2. Socrófar an paraiméadar comhghaoil $\rho_{kl}$, idir dhá íogaireacht $WS_k$ agus $WS_l$ laistigh den bhuicéad céanna, mar a leanas:

$$\rho_{kl} = \rho_{kl}^{(commodity)} \cdot \rho_{kl}^{(tenor)} \cdot \rho_{kl}^{(basis)}$$

nuair is amhlaidh an méid a leanas:

beidh $\rho_{kl}^{(commodity)}$ cothrom le 1 i gcás inarb ionann an dá thráchtearra de chuid íogaireachtaí k agus l, agus beidh sé cothrom leis na comhghaoil laistigh de bhuicéad i dTábla 10 i gcásanna eile;

beidh $\rho_{kl}^{(tenor)}$ cothrom le 1 i gcás inarb ionann an dá rinn de chuid íogaireachtaí k agus l, agus cothrom le 99 % i gcásanna eile; agus

$\rho_{kl}^{(basis)}$ cothrom le 1 i gcás gurb ionann suíomh seachadta thráchtearra an dá íogaireacht, agus cothrom le 99,90 % i gcásanna eile.

3. Is éard atá sna comhghaoil laistigh de bhuicéad $\rho_{kl\ (commodity)}$ ná:

*Tábla 10*

| Uimhir Buicéid | Ainm Buicéid | Comhghaolú $\rho_{kl}$ (commodity) |
|---|---|---|
| 1 | Fuinneamh - ábhair indóite sholadacha | 55 % |
| 2 | Fuinneamh – ábhair indóite leachtacha | 95 % |
| 3 | Fuinneamh - leictreachas agus carbóin a thrádáil | 40 % |
| 4 | Lasta | 80 % |
| 5 | Miotail – neamhlómhar | 60 % |
| 6 | Ábhair indóite gásacha | 65 % |
| 7 | Miotail lómhara (lena n-áirítear ór) | 55 % |
| 8 | Gráin agus olashíol | 45 % |
| 9 | Beostoc agus déiríocht | 15 % |
| 10 | Táirgí boga agus táirgí talmhaíochta eile | 40 % |
| 11 | Táirgí tráchtearraí eile | 15 % |

4. In ainneoin mhír 1, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

▼M8

(a) Measfar gur fachtóirí priacail tráchtearraí ar leithligh iad dhá fhachtóir priacail a leithdháiltear ar bhuicéad 3 i dTábla 10 agus a bhaineann le leictreachas a ghintear i réigiúin éagsúla nó a sheachadtar ag tréimhsí ama éagsúla faoin gcomhaontú conarthach;

(b) Measfar gur fachtóirí priacail tráchtearraí ar leithligh iad dhá fhachtóir priacail a leithdháiltear ar bhuicéad 4 i dTábla 10 agus a bhaineann le lasta i gcás ina mbíonn difríocht maidir lena mbealach lasta nó lena seachtain seachadta.

*Airteagal 325au*

**Comhghaolta i mbuicéid difriúla i gcomhair priacal tráchtearraí**

Déanfar an paraiméadar comhghaoil $\gamma_{bc}$ a bhfuil feidhm aige maidir le comhiomlánú íogaireachtaí idir buicéid dhifriúla a shocrú é ag:

(a) 20 % i gcás inar buicéid as measc na gcinn dar uimhir 1 go 10 an dá bhuicéad sin;

(b) 0 % i gcás inarb é buicéad 11 ceachtar den dá bhuicéad sin.

*Airteagal 325av*

**Ualaí priacail maidir le priacal malairte eachtraí**

▼M12

1. Cuirfear ualú riosca 15 % i bhfeidhm ar íogaireachtaí uile na bhfachtóirí riosca malairte eachtraí.

▼M8

2. Is éard a bheidh in ualú priacail na bhfachtóirí priacail malairte eachtraí maidir le péirí airgeadraí atá comhdhéanta den euro agus d'airgeadra Ballstáit atá páirteach i meicníocht an ráta malairte (MRM II), arb é sin an dara céim den aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta, ceann de na hualuithe seo a leanas:

(a) an t-ualú priacail dá dtagraítear i mír 1 roinnte ar 3;

(b) an uasluaineacht laistigh den bhanda luaineachta a chomhaontaigh an Ballstát agus an Banc Ceannais Eorpach go foirmiúil i gcás ina bhfuil an banda luaineachta sin níos cúinge ná an banda luaineachta a shainítear faoi MRM II.

3. In ainneoin mhír 2, maidir le hualú priacail na bhfachtóirí priacail malairte eachtraí a bhaineann le hairgeadraí dá dtagraítear i mír 2 atá rannpháirteach in MRM II agus ag a mbeidh banda luaineachta, a comhaontaíodh go foirmiúil, a bheidh níos cúinge ná an banda caighdeánach (is é sin móide nó lúide 15 %), beidh sé comhionann le céatadán uasta na luaineachta laistigh den bhanda is cúinge sin.

▼M8

4. Is éard a bheidh in ualú priacail na bhfachtóirí priacail malairte eachtraí a chuimsítear san fhochatagóir péirí airgeadraí is leachtaí dá dtagraítear i bpointe (c) de 325bd(7) an t-ualú priacail dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo roinnte ar$\sqrt{2}$.

5. I gcás ina léirítear le sonraí ráta malairte laethúil na dtrí bliana roimhe sin gur péire tairiseach é péire airgeadraí atá comhdhéanta den Euro agus d'airgeadra Ballstáit nach Euro é an t-airgeadra sin, agus go bhféadfaidh an institiúid sin raon tairisceana is atairisceana nialais a bhaint amach i gcónaí i leith gach trádála faoi seach a bhaineann leis an bpéire airgeadra sin, féadfaidh an institiúid, ar choinníoll go bhfaighidh sí cead sainráite óna húdarás inniúil, an t-ualú priacail dá dtagraítear i mír 1 a chur i bhfeidhm roinnte ar 2.

*Airteagal 325aw*

**Comhghaolta maidir le priacal malairte eachtraí**

Beidh feidhm ag paraiméadar comhghaoil aonfhoirmeach $\gamma_{bc}$ ar cothrom é 60 % maidir le comhiomlánú na n-íogaireachtaí ar fhachtóirí priacail malairte eachtraí.

Foroinn 2

**Ualaí priacail cuaire agus vega agus comhghaolta**

*Airteagal 325ax*

**Ualuithe priacail cuaire agus vega**

1. Bainfidh fachtóirí priacail vega úsáid as na buicéid deilte dá dtagraítear i bhforoinn 1.

2. Déanfar an t-ualú priacail i gcomhair fachtóir priacail vega k ar leith a mheas mar sciar de luach reatha an fhachtóra phriacail sin k, lena léirítear luaineacht intuigthe ionstraime foluití, mar a thuairiscítear i Roinn 3.

3. Déanfar an sciar dá dtagraítear i mír 2 a bheith ag brath ar leachtacht intuigthe gach cineál fachtóra priacail i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$RW_k = (\text{Luach fachtóir priacail k}) \cdot \min\left\{ RW_\sigma \cdot \frac{\sqrt{LH_{\text{aicme priacail}}}}{\sqrt{10}};\ 100\ \%\right\}$$

nuair:

RWk = an t-ualú priacail i gcomhair fachtóir priacail vega k;

déanfar $RW_\sigma$ a shocrú ag 55 %; agus

▼M8

▼C7

is é $LH_{\text{risk class}}$ an tréimhse leachtachta rialála a bheidh le leagan síos agus gach fachtóir priacail vega *k* á chinneadh. Cinntear $LH_{\text{risk class}}$, i gcomhréir leis an tábla seo a leanas:

▼M12

*Tábla 11*

| Aicme riosca | $LH_{\text{aicme riosca}}$ | Ualuithe riosca |
|---|---|---|
| GIRR | 60 | 100 % |
| Neamhurrúsúcháin CSR | 120 | 100 % |
| Urrúsúcháin CSR (ACTP) | 120 | 100 % |
| Urrúsúcháin CSR (neamh-ACTP) | 120 | 100 % |
| Cothromas (caidhp mhór agus innéacsanna) | 20 | 77,78 % |
| Cothromas (caidhp bheag agus innéacsanna) | 60 | 100 % |
| Tráchtearra | 120 | 100 % |
| Malairt eachtrach | 40 | 100 % |

▼M8

4. Déanfar buicéid a úsáidtear i gcomhthéacs priacal deilte i bhForoinn 1 a úsáid sa chomhthéacs priacail chuaire mura shonraítear a mhalairt sa Chaibidil seo.

5. Maidir le fachtóirí priacail chuaire cothromais agus malairte eachtraí, is éard a bheidh sna hualaithe priacail chuaire athruithe coibhéiseacha cothrom leis na hualaí priacail deilte dá dtagraítear i bhForoinn 1.

6. Maidir le fachtóirí priacail cuaire tráchtearraí, raon difríochta creidmheasa nó ráta úis ginearálta, is éard a bheidh san ualú priacail cuaire athruithe comhthreomhara na reann go léir maidir le gach cuar ar bhonn an ualaithe phriacail deilte is airde dá dtagraítear i bhForoinn 1 maidir leis an aicme phriacail ábhartha.

*Airteagal 325ay*

**Comhghaolta priacail cuaire agus vega**

1. Idir íogaireachtaí ar phriacal vega laistigh den bhuicéad céanna den phriacal ráta úis ghinearálta (RRUG), déanfar an paraiméadar rkl a shocrú mar a leanas:

$$\rho_{kl} = \min\{\rho_{kl}^{(\text{option maturity})} \cdot \rho_{kl}^{(\text{underlying maturity})}; 1\}$$

▼M8

nuair:

beidh $\rho_{kl}^{(option\ maturity)}$ cothrom le $e^{-\alpha \cdot \frac{|T_k - T_l|}{\min\{T_k;\ T_l\}}}$ i gcás ina socrófar α ag 1 %, beidh $T_k$ agus $T_l$ cothrom le haibíochtaí na gcéadroghanna dá ndíorthaítear íogaireachtaí vega, arna sloinneadh mar líon blianta; agus

beidh $\rho_{kl}^{(underlying\ maturity)}$ cothrom le $e^{-\alpha \cdot \frac{|T_k^U - T_l^U|}{\min\{T_k^U;\ T_l^U\}}}$, i gcás ina bhfuil α socraithe ar 1 %, beidh $T_k^U$ agus $T_l^U$ cothrom le haibíochtaí ionstraimí foluiteacha na gcéadroghanna dá ndíorthaítear íogaireachtaí vega, lúide aibíochtaí na gcéadroghanna comhfhreagracha, sloinnte sa dá chás mar líon blianta.

2. Idir íogaireachtaí ar phriacal vega laistigh de bhuicéad de na haicmí priacail eile, déanfar an paraiméadar comhghaoil $\rho_{kl}$ a shocrú mar a leanas:

$$\rho_{kl} = \min\{\rho_{kl}^{(DELTA)} \cdot \rho_{kl}^{(option\ maturity)};\ 1\}$$

nuair:

beidh $\rho_{kl}^{(DELTA)}$ cothrom leis an gcomhghaol deilte laistigh de bhuicéad a bhíonn cothrom leis an mbuicéad dá sannfaí fachtóirí priacail vega k agus l; agus

déanfar $\rho_{kl}^{(option\ maturity)}$ a shocrú i gcomhréir le mír 1.

3. Maidir le híogaireachtaí priacail vega idir buicéid laistigh d'aicme phriacail (GIRR agus neamh-GIRR), déanfar na paraiméadair comhghaoil chéanna i gcomhair $\gamma_{bc}$, mar a shonraítear maidir le comhghaolta deilte i gcomhair gach aicme phriacail i Roinn 4, a úsáid i gcomhthéacs an phriacail vega.

4. Ní aithneofar aon tairbhe éagsúlaithe nó fálaithe sa chur chuige caighdeánaithe idir fachtóirí priacail vega agus fachtóirí priacail deilte. Déanfar muirir phriacail vega agus muirir phriacail deilte a chomhiomlánú trí mhodh an tsuimithe shimplí.

5. Is éard a bheidh sna comhghaolta cuaire líon cearnaithe na gcomhghaolta priacail deilte comhfhreagracha $\rho_{kl}$ agus $\gamma_{bc}$ dá dtagraítear i bhForoinn 1.

*CAIBIDIL 1B*

***An cur chuige malartach samhla inmheánaí***

## Roinn 1

## **Cead agus ceanglais cistí dílse**

*Airteagal 325az*

**Cur chuige na samhla inmheánaí malartaí agus cead samhlacha inmheánacha malartacha a úsáid**

1. Níor cheart cur chuige na samhla inmheánaí malartaí mar a leagtar amach sa Chaibidil seo a úsáid ach amháin chun críocha an cheanglais tuairiscithe a leagtar síos in Airteagal 430b(3).

▼M8

2. Tar éis dóibh a fhíorú gur chomhlíon na hinstitiúidí na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 325bh, 325bi agus 325bj, ceadóidh údaráis inniúla d'institiúidí a gceanglais cistí dílse féin do phunann na suíomhanna go léir arna sannadh do dheasca trádála a ríomh trí úsáid a bhaint as a samhlacha inmheánacha i gcomhréir le hAirteagal 325ba, ar choinníoll go gcomhlíonfar na ceanglais uile seo a leanas:

(a) bunaíodh na deasca trádála i gcomhréir le hAirteagal 104b;

(b) tá sé mínithe ag an institiúid don údarás inniúil cad chuige ar chuimsigh sí deasca trádála i raon feidhme chur chuige na samhla inmheánaí malartaí;

(c) tá na ceanglais chúltástála dá dtagraítear in Airteagal 325bf(3) comhlíonta ag na deasca trádála don bhliain roimhe sin;

(d) tá tuarascáil tugtha ag an institiúid dá húdaráis inniúla maidir le torthaí cheanglas shannadh na mbrabús agus na gcaillteanas (‘sannadh B&C ) le haghaidh na ndeasca trádála a leagtar amach in Airteagal 325bg;

(e) maidir le deasca trádála ar sannadh ceann amháin de na suíomhanna leabhair trádála dá dtagraítear in Airteagal 325bl, comhlíonann na deasca trádála na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 325bm maidir leis an tsamhail phriacail mainneachtana inmheánach;

(f) níor sannadh aon suíomhanna urrúsúcháin ná aon suíomhanna ath-urrúsúcháin do na deasca trádála.

Chun críocha phointe (b) den chéad fhomhír den mhír seo, ní bheidh sé ina dhreasacht gan deasca trádála a chuimsiú i raon feidhme chur chuige na samhla inmheánaí malartaí go mbeadh an ceanglas cistí dílse arna ríomh faoin gcur chuige malartach caighdeánaithe a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 325(3) níos ísle ná an ceanglas cistí dílse arna ríomh faoi chur chuige na samhla inmheánaí malartaí;

3. Institiúidí a fuair cead cur chuige na samhla inmheánaí malartaí a úsáid, tabharfaidh siad tuairisc do na húdaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 430b(3).

4. Tabharfaidh institiúid dar tugadh an cead dá dtagraítear i mír 2 a fógra gan mhoill dá húdaráis inniúla i gcás nach gcomhlíonfaidh ceann dá deasca trádála a thuilleadh ceann amháin, ar a laghad, de na ceanglais a leagtar amach sa mhír sin. Ní cheadófar a thuilleadh don institiúid an Caibidil sin a chur i bhfeidhm maidir le haon cheann de na suíomhanna a shanntar don deasc trádála sin agus déanfaidh sí na ceanglais cistí dílse i gcomhair priacal margaidh a ríomh i gcomhréir leis an gcur chuige a leagtar amach i gCaibidil 1a maidir leis na suíomhanna uile a shanntar don deasc trádála sin ón dáta tuairiscithe is luaithe agus go dtí go léireoidh an institiúid do na húdaráis inniúla go bhfuil na ceanglais go léir a leagtar amach i mír 2 á gcomhlíonadh ag an deasc trádála.

▼M8

5. De mhaolú ar mhír 4, in imthosca neamhghnácha, féadfaidh údaráis inniúla cead a thabhairt d'institiúid leanúint dá samhlacha inmheánacha malartacha a úsáid chun críche ceanglais cistí dílse i gcomhair priacail margaidh deisce trádála a ríomh nach gcomhlíonann na coinníollacha a thuilleadh dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 2 den Airteagal seo agus in Airteagal 325bg(1). Nuair a fheidhmeoidh údaráis inniúla an rogha sin, tabharfaidh siad fógra do ÚBE agus tabharfaidh siad bunús leis an gcinneadh sin.

6. Maidir le suíomhanna a shanntar do na deasca trádála nach bhfuil an cead dá dtagraítear i mír 2 faighte ina dtaobh ag institiúid, déanfaidh an institiúid sin na ceanglais cistí dílse i gcomhair priacal margaidh a ríomh i gcomhréir le Caibidil 1a den Teideal seo. Chun críocha an ríomha sin, déanfar na suíomhanna sin go léir a mheas ar bhonn leithleach mar phunann ar leithligh.

7. Maidir le hathruithe ábhartha ar úsáid na samhlacha inmheánacha malartacha a bhfuil cead faighte ag institiúid lena n-úsáid, maidir le síneadh ar úsáid na samhlacha inmheánacha malartacha a bhfuil cead faighte ag an institiúid lena n-úsáid, agus maidir le hathruithe ábhartha ar rogha na hinstitiúidí d'fho-thacar na bhfachtóirí priacail insamhaltaithe dá dtagraítear in Airteagal 325bc(2), éileofar leis na hathruithe sin cead ar leithligh ó na húdaráis inniúla.

Cuirfidh na hinstitiúidí na húdaráis inniúla ar an eolas maidir leis na síntí agus na hathruithe uile ar fad a dhéanfar ar an úsáid a bhaintear as na samhlacha inmheánacha malartacha dá bhfuil cead faighte ag an institiúid.

8. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na nithe seo a leanas a shonrú:

(a) na coinníollacha faoina ndéanfar measúnú ar ábharthacht na síntí agus na n-athruithe ar úsáid samhlacha inmheánacha malartacha agus ar athruithe ar bhfo-thacar na bhfachtóirí priacail insamhaltaithe dá dtagraítear in Airteagal 325bc;

(b) an mhodheolaíocht mheasúnaithe faoina bhfíoróidh údaráis inniúla an gcomhlíonann institiúid na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 325bh, 325bi, 325bn, 325bo agus 325bp.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoi cheann 28 Meitheamh 2024.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

9. Déanfaidh ÚBE dréachtchaighdeáin rialála theicniúla a cheapadh chun na himthosca neamhghnácha a shonrú faoina bhféadfaidh údaráis inniúla cead a thabhairt d'institiúid an méid a leanas a dhéanamh:

(a) leanúint dá samhlacha inmheánacha malartacha a úsáid chun críche ceanglais cistí dílse i gcomhair priacal margaidh deisce trádála a ríomh nach gcomhlíonann na coinníollacha a thuilleadh dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 2 den Airteagal seo agus in Airteagal 325bg(1);

(b) teorainn a chur leis an bhforlíontán go dtí an forlíontán a thagann ó róluaineachtaí de bhun athruithe iarthástála hipitéiseacha.

▼M8

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoi cheann 28 Meitheamh 2024.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 325ba*

**Ceanglais cistí dílse nuair a úsáidtear samhlacha inmheánacha**

1. Ríomhfaidh institiúid,a úsáideann samhail inmheánach mhalartach na ceanglais cistí dílse maidir le punann na suíomhanna uile a shannfar do na deasca trádála, ar tugadh, don institiúid sin, an cead ina dtaobh dá dtagraítear in Airteagal 325az(2), mar an luach is airde de na luachanna seo a leanas:

(a) suim na luachanna seo a leanas:

(i) tomhas priacail easnaimh ionchasaigh na hinstitiúide le haghaidh an lae roimhe sin arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 325bb (ESt-1), agus

(ii) tomhas priacail cáis struis na hinstitiúide don lá roimhe sin arna ríomh i gcomhréir le Roinn 5 (SS t-1); nó

(b) suim na luachanna seo a leanas:

(i) meánluach thomhas priacail easnaimh ionchasaigh laethúil na hinstitiúide arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 325bb do gach lá den seasca lá gnó roimhe sin (ESavg), arna iolrú faoin bhfachtóir iolrúcháin (mc); agus

(ii) meánluach thomhas priacail cáis struis laethúil na hinstitiúide arna ríomh i gcomhréir le Roinn 5 do gach lá den seasca lá gnó roimhe sin (SSavg).

2. Comhlíonfaidh institiúidí a bhfuil suíomhanna acu in ionstraimí fiachais thrádáilte agus cothromais a thagann faoi raon feidhme na samhla priacail mainneachtana inmheánaí agus a shanntar do na deasca trádála dá dtagraítear i mír 1, comhlíonfaidh siad ceanglas cistí dílse breise arna shloinneadh mar an luach is airde de na luachanna seo a leanas:

(a) an ceanglas cistí dílse is déanaí maidir le priacalmaidir leis an bpriacal mainneachtana arna ríomh i gcomhréir le Roinn 3;

(b) meán an mhéid dá dtagraítear i bpointe (a) thar an 12 sheachtain roimhe sin.

▼M8

Roinn 2

**Ceanglais ghinearálta**

*Airteagal 325bb*

**Tomhas priacail easnaimh ionchasaigh**

▼C7

1. Ríomhfaidh institiúidí an tomhas priacail easnaimh ionchasaigh dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 325ba(1) d'aon dáta ar leith “t” agus d'aon phunann ar leith de shuíomhanna leabhair trádála agus de shuíomhanna leabhair neamhtrádála atá faoi réir priacal malairte eachtraí nó priacal tráchtearraí mar a leanas:

▼M8

$$ES_t = \rho \cdot (UES_t) + (1 - \rho) \cdot \sum_i UES_t^i$$

nuair:

▼C7

$ES_t$ = an tomhas priacail easnaimh ionchasaigh;

i = innéacs lena léirítear na cúig chatagóir leathana d'fhachtóirí priacail arna liostú sa chéad cholún de Thábla 2 d'Airteagal 325bd;

UESt = an tomhas priacail easnaimh ionchasaigh neamhiallaithe arna ríomh mar a leanas:

$$UES_t = PES_t^{RS} \cdot \max\left(\frac{PES_t^{FC}}{PES_t^{RC}},\ 1\right)$$

▼M8

$UES_t^i$ = an tomhas easnaimh ionchasaigh neamhiallaithe don chatagóir fachtóra phriacail leathan i arna ríomh mar a leanas:

$$UES_t^i = PES_t^{RS,i} \cdot \max\left(\frac{PES_t^{FC,i}}{PES_t^{RC,i}},\ 1\right)$$

$\rho$ = an fachtóir comhghaoil maoirseachta i gcatagóirí priacail leathana; $\rho = 50\,\%$;

$PES_t^{RS}$ = méid an easnaimh ionchasaigh pháirtigh a ríomhfar do na suíomhanna go léir sa phunann i gcomhréir le hAirteagal 325bc(2);

$PES_t^{RC}$ = méid an easnaimh ionchasaigh pháirtigh a ríomhfar do na suíomhanna go léir sa phunann i gcomhréir le hAirteagal 325bc(3);

$PES_t^{FC}$ = méid an easnaimh ionchasaigh pháirtigh a ríomhfar do na suíomhanna go léir sa phunann i gcomhréir le hAirteagal 325bc(4);

$PES_t^{RS,i}$ = méid an easnaimh ionchasaigh pháirtigh do chatagóir fachtóra phriacail leathan “i” a ríomhfar do na suíomhanna go léir sa phunann i gcomhréir le hAirteagal 325bc(2);

$PES_t^{RC,i}$ = méid an easnaimh ionchasaigh pháirtigh do chatagóir fachtóra phriacail leathan “i” a ríomhfar do na suíomhanna go léir sa phunann i gcomhréir le hAirteagal 325bd(3); agus

$PES_t^{FC,i}$ = méid an easnaimh ionchasaigh pháirtigh do chatagóir fachtóra phriacail leathan “i” a ríomhfar do na suíomhanna go léir sa phunann i gcomhréir le hAirteagal 325bc(4).

▼M8

2. Ní dhéanfaidh institiúidí cásanna suaite amach anseo a chur i bhfeidhm ach amháin ar thacar sonrach na bhfachtóirí priacail insamhaltaithe is infheidhme ar mhéid gach easnaimh ionchasaigh pháirtigh mar a leagtar amach in Airteagal 325bc agus méid gach easnaimh ionchasaigh pháirtigh á cinneadh maidir leis an tomhas priacail easnaimh ionchasaigh a ríomh i gcomhréir le mír 1.

3. I gcás ina bhfuil fachtóir priacail insamhaltaithe amháin ar laghad a mapáladh ar an gcatagóir fachtóra phriacail leathan “i” i gcomhréir le hAirteagal 325bd in idirbheart amháin ar a laghad den phunann, déanfaidh institiúidí an beart easnaimh ionchasaigh neamhiallaithe don chatagóir fachtóra phriacail leathan “i” a ríomh agus é a chur san áireamh san fhoirmle don tomhas priacail easnaimh ionchasaigh dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

4. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh institiúid minicíocht ríomh thomhais easnaimh ionchasaigh neamhiallaithe $UES_t^i$ agus thomhais easnaimh ionchasaigh pháirtigh $PES_t^{RS,i}$, $PES_t^{RC,i}$ agus $PES_t^{FC,i}$ a laghdú maidir leis na catagóirí fachtóra phriacail leathana ó ríomh laethúil go ríomh seachtainiúil ar choinníoll go gcomhlíonfar an méid a leanas:

(a) is féidir leis an institiúid a léiriú don údarás inniúil nach ndéantar gannmheastachán ar phriacal margaidh na suíomhanna leabhair trádála ábhartha agus tomhas easnaimh ionchasaigh neamhiallaithe $UES_t^i$ á ríomh;

(b) is féidir leis an institiúid minicíocht ríomh $UES_t^i$, $PES_t^{RS,i}$, $PES_t^{RC,i}$ agus $PES_t^{FC,i}$ a mhéadú ó ríomh seachtainiúil go ríomh laethúil i gcás ina gceanglóidh a údarás inniúil sin uirthi.

*Airteagal 325bc*

**Ríomhanna easnaimh ionchasaigh pháirtigh**

1. Déanfaidh institiúidí méideanna uile na n-easnamh ionchasach páirteach dá dtagraítear in Airteagal 325bb(1) a ríomh mar a leanas:

(a) ríomhanna laethúla méideanna na n-easnamh ionchasacha páirteacha;

(b) ag an 97,5ú peircintíl, eatramh muiníne aonfhoircneach;

▼C7

(c) le haghaidh punann ar leith de shuíomhanna leabhair trádála agus de shuíomhanna leabhair neamhtrádála atá faoi réir priacal malairte eachtraí nó priacal tráchtearraí, déanfaidh institiúidí méid an easnaimh ionchasaigh pháirtigh ag am “t” a ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$PES_t = \sqrt{\left(PES_t(T)\right)^2 + \sum_{j\geq 2}\left(PES_t(T,j)\cdot\sqrt{\frac{\left(LH_j - LH_{j-1}\right)}{10}}\right)^2}$$

▼M8

nuair:

$PES_t$ = méid an easnaimh ionchasaigh pháirtigh ag am “t”;

j = an t-innéacs lena léirítear na cúig thréimhse leachtachta a liostaítear sa chéad cholún de Thábla 1;

$LH_j$ = fad na dtréimhsí leachtachta ionchasacha j mar a shloinntear i laethanta i dTábla 1;

T = tréimhse ionchasach bunaidh i gcás T= 10 lá;

▼**M8**

$PES_t(T)$ = méid an easnaimh ionchasaigh pháirtigh a chinntear trí chásanna suaite amach anseo a bhfuil tréimhse ama 10 lá acu a chur i bhfeidhm ar thacar sonrach fachtóirí priacail insamhaltaithe na suíomhanna sa phunann a leagtar amach i mír 2, mír 3 agus mír 4 i gcomhair méid gach easnaimh ionchasaigh pháirtigh dá dtagraítear in Airteagal 325bb(1) agus ar an tacar sonrach sin amháin; agus

$PES_t(T, j)$ = méid an easnaimh ionchasaigh pháirtigh a chinntear trí chásanna suaite amach anseo a bhfuil tréimhse ama 10 lá acu a chur i bhfeidhm ar thacar sonrach fachtóirí priacail insamhaltaithe na suíomhanna sa phunann a leagtar amach i mír 2, mír 3 agus mír 4 i gcomhair méid gach easnaimh ionchasaigh pháirtigh dá dtagraítear in Airteagal 325bb(1) agus dá bhfuil an tréimhse leachtachta éifeachtach, dá gcinntear i gcomhréir le hAirteagal 325bd(2), cothrom le $LH_j$ nó níos faide ná é.

*Tábla 1*

| Tréimhse leachtachta j | Fad na tréimhse leachtacha j (i laethanta) |
|---|---|
| 1 | 10 |
| 2 | 20 |
| 3 | 40 |
| 4 | 60 |
| 5 | 120 |

2. Chun críocha méideanna easnaimh ionchasaigh pháirtigh $PES_t^{RS}$ agus $PES_t^{RS,i}$ dá dtagraítear in Airteagal 325bb(1) a ríomh, déanfaidh institiúidí, i dteannta leis na ceanglais a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) agus $PES_t^{RS}$ á ríomh, ní dhéanfaidh institiúidí cásanna suaite amach anseo a chur i bhfeidhm ach amháin ar an bhfo-thacar d'fhachtóirí priacail insamhaltaithe na suíomhanna sa phunann, arna roghnú ag na hinstitiúidí inniúla, sa chaoi is go gcomhlíonfar an coinníoll seo, agus go dtógfar an tsuim ó thréimhse an 60 lá gnó roimhe sin:

$$\frac{1}{60} \cdot \sum_{k=0}^{59} \frac{PES_{t-k}^{RC}}{PES_{t-k}^{FC}} \geq 75\%$$

Tabharfaidh institiúid nach gcomhlíonann an ceanglas a thuilleadh sa chéad alt den phointe seo fógra gan mhoill do na húdaráis inniúla, lena mbaineann, agus déanfaidh sí an fo-thacar de na fachtóirí priacail insamhaltaithe a uasdátú laistigh de dhá sheachtain chun an ceanglas sin a chomhlíonadh; i gcás, tar éis dhá sheachtain, inar mhainnigh an institiúid an ceanglas a chomhlíonadh, rachaidh an institiúid sin ar ais chuig an gcur chuige a leagtar amach i gCaibidil 1a chun na ceanglais cistí dílse i gcomhair priacal margaidh maidir le deasca trádála áirithe, go dtí go bhféadfaidh an institiúid sin a léiriú don údarás inniúil go bhfuil sí ag comhlíonadh an cheanglais a leagtar amach sa chéad fho-alt den phointe seo;

▼M8

(b) agus $PES_t^{RS,i}$ á ríomh, ní dhéanfaidh institiúidí cásanna suaite amach anseo a chur i bhfeidhm ach amháin ar an bhfo-thacar d'fhachtóirí priacail insamhaltaithe na suíomhanna sa phunann, arna roghnú ag an institiúid chun críche phointe (a) den mhír seo, agus ar mapáladh iad ar an gcatagóir fachtóra phriacail leathan “i” i gcomhréir le hAirteagal 325bd;

(c) calabrófar na hionchuir sonraí a úsáidtear chun na cásanna suaite amach anseo a chinneadh arna gcur i bhfeidhm ar na fachtóirí priacail insamhaltaithe dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) do na sonraí stairiúla tréimhse leanúnaí struis airgeadais 12 mhí a shainaithneoidh an institiúid chun luach $PES_t^{RS}$ a uasmhéadú; chun críche an tréimhse struis sin a aithint, úsáidfidh institiúidí tréimhse bhreathnaithe a thosóidh ar a laghad ón 1 Eanáir 2007, chun sástacht na n-údarás inniúla; agus

(d) déanfar na hionchuir sonraí $PES_t^{RS,i}$ a chalabrú don tréimhse struis 12 mhí atá sainaitheanta ag an institiúid chun críocha phointe (c).

3. Chun críche méideanna easnamh ionchasacha páirteacha $PES_t^{RC}$ agus $PES_t^{RC,i}$ dá dtágraítear in Airteagal 325bb(1) a ríomh, déanfaidh institiúidí, i dteannta leis na ceanglais a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) agus $PES_t^{RC}$ á ríomh, ní dhéanfaidh institiúidí cásanna suaite amach anseo a chur i bhfeidhm ach amháin ar an bhfo-thacar de d'fhachtóirí priacail insamhaltaithe na suíomhanna sa phunann dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 2;

(b) agus $PES_t^{RC,i}$ á ríomh, ní dhéanfaidh institiúidí cásanna suaite amach anseo a chur i bhfeidhm ach amháin ar an bhfo-thacar de shuíomhanna fachtóra phriacail insamhaltaithe sa phunann dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 2;

(c) maidir leis na hionchuir sonraí a úsáidfear chun na cásanna suaite amach anseo a chinneadh a chuirfear i bhfeidhm ar na fachtóirí priacail insamhaltaithe dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) den mhír seo, calabrófar iad leis na sonraí stairiúla dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 4; déanfar na sonraí sin a uasdátú ar bhonn míosúil ar a laghad.

4. Chun críche méideanna easnaimh ionchasacha páirteacha $PES_t^{FC}$ agus $PES_t^{FC,i}$ dá dtagraítear in Airteagal 325bb(1) a ríomh, déanfaidh institiúidí, i dteannta leis na ceanglais a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) agus $PES_t^{FC}$ á ríomh, déanfaidh institiúidí cásanna suaite amach anseo a chur i bhfeidhm ar fhachtóirí priacail insamhaltaithe uile na suíomhanna sa phunann;

(b) agus $PES_t^{FC,i}$ á ríomh, déanfaidh institiúidí cásanna suaite amach anseo a chur i bhfeidhm ar fhachtóirí priacail insamhaltaithe na suíomhanna sa phunann, ar mapáladh iad ar an gcatagóir fachtóra phriacail leathan “i” i gcomhréir le hAirteagal 325bd;

▼M8

(c) calabrófar na hionchuir sonraí a úsáidtear chun na cásanna suaite amach anseo a chinneadh arna gcur i bhfeidhm ar na fachtóirí priacail insamhaltaithe dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) do na sonraí stairiúla ón tréimhse 12 mhí roimhe sin; i gcás ina mbeidh borradh suntasach i luaineacht praghsanna líon ábhartha d'fhachtóirí priacail insamhaltaithe i bpunann institiúide nach bhfuil i bhfo-thacar na bpriacal dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 2, féadfaidh údaráis inniúla ceanglas a chur ar institiúid sonraí stairiúla le haghaidh tréimhse ar giorra ná an 12 mhí roimhe sin í a úsáid, ach ní bheidh an tréimhse sin níos giorra ná tréimhse na sé mhí roimhe sin; tabharfaidh údaráis inniúla fógra do ÚBE maidir le cinneadh ar bith lena gcuirfear ceanglas ar institiúid sonraí stairiúla ó thréimhse ar giorra ná 12 mhí í a úsáid agus bunús a thabhairt leis an gcinneadh sin.

5. Agus méid easnaimh ionchasaigh pháirtigh ar leith dá dtagraítear in Airteagal 325bc(1) a ríomh, coimeádfaidh institiúidí luachanna na bhfachtóirí priacail insamhaltaithe nach bhfuil de cheanglas orthu, faoi mhír 2, mír 3 agus mír 4 den Airteagal seo, cásanna suaite amach anseo a chur i bhfeidhm le haghaidh méid an easnaimh ionchasaigh pháirtigh sin.

*Airteagal 325bd*

**Tréimhsí leachtachta**

1. Déanfaidh institiúidí gach fachtóir priacail suíomhanna a sannadh do dheasca trádála ar tugadh dóibh an cead ina leith dá dtagraítear in Airteagal 325az(2) nó atá i mbéal an cead sin a fháil ina leith, do cheann de na catagóirí leathana fachtóirí priacail arna liostú i dTábla 2, agus do cheann d'fhochatagóirí leathana na bhfachtóirí priacail arna liostú sa Tábla sin.

2. Is éard a bheidh i dtréimhse leachtachta fachtóra phriacail de chuid na suíomhanna dá dtagraítear i mír 1 tréimhse leachtachta fhochatagóir leathan chomhfhreagrach na bhfachtóirí priacail ar ar mapáladh í.

3. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, maidir le deasc trádála ar leith, féadfaidh institiúid ceann amháin de thréimhse leachtachta is faide d'fhochatagóir leathan na bhfachtóirí priacail arna liostú i dTábla 1 d'Airteagal 325bc a chur in ionad na tréimhse leachtachta d'fhochatagóir na bhfachtóirí priacail leathain arna liostú i dTábla 2 den Airteagal seo. I gcás ina ndéanfaidh institiúid an cinneadh sin, beidh feidhm ag an tréimhse leachtachta is faide maidir le fachtóirí priacail insamhaltaithe uile na suíomhanna a sannadh don deasc trádála sin agus a mapáladh ar fhochatagóir leathan na bhfachtóirí priacail sin chun méideanna an easnaimh ionchasaigh pháirtigh a ríomh i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 325bc(1).

Cuirfidh institiúid fógra chuig na húdaráis inniúla faoi na deasca trádála agus fochatagóirí leathana na bhfachtóirí priacail maidir lena gcinnfidh sí an láimhseáil dá dtagraítear sa chéad fhomhír a chur i bhfeidhm.

▼C7

4. Chun méideanna an easnaimh ionchasaigh pháirtigh a ríomh […] i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 325bc(1), déanfar tréimhse leachtachta éifeachtach d'fhachtóir priacail insamhaltaithe de chuid suíomh leabhair trádála ar leith nó de shuíomh leabhair neamhtrádála atá faoi réir priacal malairte eachtraí nó priacal tráchtearraí a ríomh mar a leanas:

▼M8

$$\text{EffectiveLH} = \begin{cases} \text{SubCatLH if Mat} > LH_5 \\ \min\left(\text{SubCatLH}, \min_j \{LH_j / LH_j \geq \text{Mat}\}\right) \text{ if } LH_1 \leq \text{Mat} \leq LH_5 \\ LH_1 \text{ i f Mat} < LH_1 \end{cases}$$

nuair atá:

EffectiveLH = an tréimhse leachtacht éifeachtach;

Mat = aibíocht shuíomh an leabhair trádála;

SubCatLH = fad tréimhse leachtachta an fhachtóra phriacail insamhaltaithe arna chinneadh i gcomhréir le mír 1; agus

$\min_j\{LH_j/LH_j \geq \text{Mat}\}$ = fad ceann amháin de na tréimhsí leachtachta a liostaítear i dTábla 1 d'Airteagal 325bc arb í an tréimhse leachtachta is gaire í os cionn aibíocht an tsuímh leabhair trádála.

5. Áireofar airgeadraí atá comhdhéanta den euro agus den airgeadra de chuid Ballstát atá páirteach in MRM II i bhfochatagóir na bpéirí airgeadra is leachtaí laistigh de chatagóir leathan fhachtóir priacail malairte eachtraí Thábla 2.

6. Fíoróidh institiúid chomh hiomchuí is atá an mhapáil dá dtagraítear i mír 1 ar bhonn míosúil ar a laghad.

7. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na nithe seo a leanas a shonrú:

(a) an chaoi ina ndéanfaidh institiúidí fachtóirí priacail na suíomhanna leabhair trádála dá dtagraítear i mír 1 a mhapáil ar chatagóirí leathana fachtóra phriacail agus fochatagóirí leathana fachtóra phriacail chun críche mhír 1;

(b) na hairgeadraí lena gcomhdhéantar fochatagóir na n-airgeadraí is leachtaí i gcatagóir leathan fhachtóir priacail ráta úis Thábla 2;

(c) na péirí airgeadraí lena gcomhdhéantar fochatagóir na bpéirí airgeadraí is leachtaí i gcatagóir leathan fhachtóir priacail malairte eachtraí Thábla 2;

(d) sainmhínithe ar chaipitliú beag margaidh agus caipitliú mór margaidh i gcomhair fhochatagóir an phraghais cothromais agus na luaineachta de chatagóir leathan fhachtóir priacail cothromais Thábla 2;

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Márta 2020.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

▼M8

*Tábla 2*

| Catagóirí leathana fachtóra riosca | Fochatagóirí leathana fachtóra phriacail | Tréimhsí leachtachta | Fad na tréimhse leachtachta (i laethanta) |
|---|---|---|---|
| Ráta úis | Airgeadraí is leachtaí agus airgeadra náisiúnta | 1 | 10 |
| | Airgeadraí eile (gan na hairgeadraí is leachtaí a chur san áireamh) | 2 | 20 |
| | Luaineacht | 4 | 60 |
| | Cineálacha eile | 4 | 60 |
| Raon difríochta creidmheasa | Rialtas láir, lena n-áirítear bainc ceannais, de chuid na mBallstát | 2 | 20 |
| | Bannaí faoi chumhdach arna n-eisiúint ag institiúidí creidmheasa sna Ballstáit (Grád Infheistíochta) | 2 | 20 |
| | Flaithiúnas (Grád infheistíochta) | 2 | 20 |
| | Flaithiúnas (Ard toraidh) | 3 | 40 |
| | Corparáideach (Grád infheistíochta) | 3 | 40 |
| | Corparáideach (Ard toraidh) | 4 | 60 |
| | Luaineacht | 5 | 120 |
| | Cineálacha eile | 5 | 120 |
| Cothromas | Praghas cothromais (Caipitliú mór margaidh) | 1 | 10 |
| | Praghas cothromais (Caipitliú beag margaidh) | 2 | 20 |
| | Luaineacht (Caipitliú mór margaidh ) | 2 | 20 |
| | Luaineacht (Caipitliú mór margaidh ) | 4 | 60 |
| | Cineálacha eile | 4 | 60 |
| Malairt Eachtrach | Péirí airgeadraí is leachtaí | 1 | 10 |
| | Péirí airgeadraí eile (gan na hairgeadraí is leachtaí a chur san áireamh) | 2 | 20 |
| | Luaineacht | 3 | 40 |
| | Cineálacha eile | 3 | 40 |
| Tráchtearra | Praghas fuinnimh agus praghas astaíochtaí carbóin | 2 | 20 |
| | Praghas miotail lómhair agus praghas miotail neamhfheiriúil | 2 | 20 |
| | Praghsanna tráchtearraí eile (seachas praghas fuinnimh, praghas astaíochtaí carbóin, praghas miotail lómhair agus praghas miotail neamhfheiriúil) | 4 | 60 |
| | Luaineacht fuinnimh agus luaineacht astaíochtaí carbóin | 4 | 60 |
| | Luaineacht miotail lómhair agus luaineacht miotail neamhfheiriúil | 4 | 60 |
| | Luaineachtaí tráchtearraí eile (seachas luaineacht fuinnimh, luaineacht astaíochtaí carbóin, luaineacht miotail lómhair agus luaineacht miotail neamhfheiriúil) | 5 | 120 |
| | Cineálacha eile | 5 | 120 |

▼M8

*Airteagal 325be*

**Insamhaltaitheacht na bhfachtóirí priacail a mheasúnú**

1. Déanfaidh institiúidí measúnú ar insamhaltaitheacht fhachtóirí priacail uile na suíomhanna a sannadh do na deasca trádála ar tugadh dóibh an cead dá dtagraítear in Airteagal 325az(2) ina leith nó atá i mbéal cead den sórt sin a fháil.

2. Mar chuid den mheasúnú sin dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, déanfaidh institiúidí na ceanglais cistí dílse i gcomhair priacal margaidh a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 325bk le haghaidh na bhfachtóirí priacail sin nach bhfuil insamhaltaithe.

3. Déanfaidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt d'fhonn na critéir a shonrú lena ndéanfar measúnú, i gcomhréir le mír 1, cibé acu atá nó nach bhfuil na fachtóirí priacail insamhaltaithe agus d'fhonn minicíocht an mheasúnaithe sin a shonrú freisin.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Márta 2020.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 325bf*

**Ceanglais cúltástála rialála agus fachtóirí iolrúcháin**

1. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn "róluaineacht" athrú aon lae ar luach punainne atá comhdhéanta de na suíomhanna go léir a sannadh don deasc trádála ar athrú luacha é a sháraíonn an luach faoi phriacal gaolmhar a ríomhtar ar bhonn shamhail inmheánach mhalartach na hinstitiúide i gcomhréir leis na ceanglais seo a leanas:

(a) beidh ríomh an luacha faoi phriacal faoi réir tréimhse shealbhaíochta dar fad lá amháin;

(b) beidh feidhm ag cásanna suaití amach anseo maidir le fachtóirí priacail shuíomhanna na ndeasca trádála dá dtagraítear in Airteagal 325bg(3) agus measfar iad a bheith insamhaltaithe i gcomhréir le hAirteagal 325be;

(c) ionchuir sonraí a úsáidtear chun na cásanna suaite amach anseo a chinneadh arna gcur i bhfeidhm ar na fachtóirí priacail insamhaltaithe, calabrófar iad leis na sonraí stairiúla dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 325bc(4);

(d) mura luafar a mhalairt san Airteagal seo, bunófar samhail inmheánach mhalartach na hinstitiúide ar na toimhdí samhaltaithe céanna a úsáidtear chun an tomhas priacail easnaimh ionchasaigh a ríomh dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 325ba(1).

2. Comhairfidh institiúidí róluaineachtaí laethúla ar bhonn cúltástáil ar na hathruithe iarbhír agus hipitéiseacha ar luach na punainne atá comhdhéanta de na suíomhanna go léir a sannadh don deasc trádála.

▼M8

3. Measfar go mbeidh na ceanglais chúltástála comhlíonta ag deasc trádála institiúide i gcás nach sárófar, le líon na róluaineachtaí don deasc trádála sin a tharla in imeacht an 250 lá gnó is déanaí, aon cheann de na nithe seo a leanas:

(a) 12 róluaineacht don uimhir luacha faoi phriacal, arna ríomh ar eatramh muiníne aonfhoircneach 99ú peircintíl ar bhonn cúltástáil ar na hathruithe hipitéiseacha ar luach na punainne;

(b) 12 róluaineacht don uimhir luacha faoi phriacal, arna ríomh ar eatramh muiníne aonfhoircneach 99ú peircintíl ar bhonn cúltástáil ar na hathruithe iarbhír ar luach na punainne;

(c) 30 róluaineacht don uimhir luacha faoi phriacal, arna ríomh ar eatramh muiníne aonfhoircneach 97,5ú peircintíl ar bhonn cúltástáil ar na hathruithe hipitéiseacha ar luach na punainne;

(d) 30 róluaineacht don uimhir luacha faoi phriacal, arna ríomh ar eatramh muiníne aonfhoircneach 97,5ú peircintíl ar bhonn cúltástáil ar na hathruithe iarbhír ar luach na punainne.

4. Comhairfidh institiúidí róluaineachtaí aon lae i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

(a) beidh an chúltástáil ar athruithe hipitéiseacha ar luach na punainne bunaithe ar chomparáid idir luach deiridh lae na punainne agus, ag glacadh leis nach bhfuil athruithe ar shuíomhanna, luach na punainne ag deireadh an lae dár gcionn;

(b) beidh an chúltástáil ar athruithe iarbhír ar luach na punainne bunaithe ar chomparáid idir luach deiridh lae na punainne agus luach iarbhír na punainne ag deireadh an lae dár gcionn cé is moite de tháillí agus de choimisiúin;

(c) comhairfear róluaineacht le haghaidh gach lae gnó nach bhfuil an institiúid in ann luach na punainne a mheasúnú dó nó nach bhfuil sí in ann uimhir an luacha faoi phriacal dá dtagraítear i mír 3 a ríomh dó;

5. Ríomhfaidh institiúid, i gcomhréir le mír 6 agus mír 7 den Airteagal seo, an fachtóir iolrúcháin (mc) dá dtagraítear in Airteagal 325ba do phunann na suíomhanna go léir a sannadh do na deasca trádála ar tugadh an cead don institiúid sin samhlacha inmheánacha malartacha a úsáid dá dtagraítear in Airteagal 325az(2) ina leith.

6. Is éard a bheidh san fhachtóir iolrúcháin (mc) lánsuim luacha 1,5 móide forlíontán idir 0 agus 0,5 i gcomhréir le Tábla 3. Maidir leis an bpunann dá dtagraítear i mír 5, ríomhfar an forlíontán ar bhonn líon na róluaineachtaí a tharla le linn an 250 lá gnó is déanaí arna bhfianú le cúltástáil na hinstitiúide ar uimhir an luacha faoi phriacal a ríomhfar i gcomhréir le pointe (a) den fhomhír seo. Beidh ríomh an fhorlíontáin faoi réir na gceanglas seo a leanas:

▼**M8**

(a) is é an rud a bheidh i róluaineacht athrú aon lae i luach na punainne a sháraíonn uimhir ghaolmhar an luacha faoi phriacal arna ríomh le samhail inmheánach na hinstitiúide i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

(i) tréimhse shealbhaíochta aon lae;

(ii) eatramh muiníne aonfhoircneach 99ú peircintíl;

(iii) beidh feidhm ag cásanna suaití amach anseo maidir le fachtóirí priacail shuíomhanna na ndeasca trádála dá dtagraítear in Airteagal 325bg(3) agus a mheastar a bheith insamhaltaithe i gcomhréir le hAirteagal 325be;

(iv) na hionchuir sonraí a úsáidtear chun na cásanna suaite amach anseo a chinneadh arna gcur i bhfeidhm ar na fachtóirí priacail insamhaltaithe, calabrófar iad leis na sonraí stairiúla dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 325bc(4);

(v) mura luafar a mhalairt san Airteagal seo, bunófar samhail inmheánach na hinstitiúide ar na toimhdí samhaltaithe céanna a úsáidtear chun an tomhas priacail easnaimh ionchasaigh a ríomh dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 325ba(1).

(b) Beidh líon na róluaineachtaí cothrom leis an líon is airde de na róluaineachtaí faoi na hathruithe hipitéiseacha agus iarbhír i luach na punainne;

*Tábla 3*

| Líon na róluaineachtaí | Forlíontán |
|---|---|
| Níos lú ná 5 | 0,00 |
| 5 | 0,20 |
| 6 | 0,26 |
| 7 | 0,33 |
| 8 | 0,38 |
| 9 | 0,42 |
| Os cionn 9 | 0,50 |

In imthosca eisceachtúla, féadfaidh údaráis inniúla teorainn a chur leis an bhforlíontán a thagann ó róluaineachtaí de bhun cúltástáil ar athruithe hipitéiseacha, nuair nach dtagann líon na róluaineachtaí faoi athruithe iarthástála iarbhír ó easpa sa tsamhail inmheánach.

7. Déanfaidh na húdaráis inniúla faireachán ar a iomchuí a bheidh an fachtóir iolrúcháin dá dtagraítear i mír 5 agus ar a mhéid a chomhlíonfaidh deasca trádála na ceanglais chúltástála dá dtagraítear i mír 3. Déanfaidh institiúidí, gan mhoill, agus i gcás ar bith tráth nach déanaí ná cúig lá gnó tar éis do róluaineacht tarlú, fógra a thabhairt do na húdaráis inniúla faoi róluaineachtaí a thagann as a gclár cúltástála agus tabharfaidh siad míniú ar na luaineachtaí sin.

▼M8

8. De mhaolú ar mhíreanna 2 agus 6 den Airteagal seo, féadfaidh údaráis inniúla ceadú d'institiúid gan róluaineacht a chur san áireamh i gcás ina mbeidh athrú aon lae i luach a punainne, a sháróidh uimhir an luacha faoi phriacal a ríomhtar le samhail inmheánach na hinstitiúide, insannta d'fhachtóir priacail nach bhfuil insamhaltaithe. Chun an méid sin a chur i gcrích, léireoidh an institiúid dá húdaráis inniúla go bhfuil an tomhas priacail cáis struis a ríomhfar i gcomhréir le hAirteagal 325bk maidir leis an bhfachtóir priacail neamh-shamhaltaithe sin níos airde ná an difríocht dheimhneach san athrú idir luach phunann na hinstitiúide agus uimhir ghaolmhar an luacha faoi phriacal.

9. Ceapfaidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na gnéithe teicniúla a shonrú a chuirfear san áireamh sna hathruithe iarbhír agus hipitéiseacha ar luach punainne institiúide chun críocha an Airteagail seo.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Márta 2020.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 325bg*

**Ceanglas sannta brabúis agus caillteanais**

1. Comhlíonfaidh deasc trádála institiúide na ceanglais sannta B&C i gcás ina gcomhlíonfaidh an deasc trádála sin na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo.

2. Áiritheofar leis an gceanglas sannta B&C go mbeidh na hathruithe teoiriciúla ar luach punainne deisce trádála, bunaithe ar shamhail tomhais phriacail na hinstitiúide, gar go leor do na hathruithe hipitéiseacha ar luach phunann na deisce trádála, bunaithe ar shamhail phraghsála na hinstitiúide.

3. Ach a gcomhlíonfaidh institiúid an ceanglas sannta brabúis agus caillteanais, maidir le gach suíomh de chuid deisce trádála ar leith, saineofar liosta cruinn d'fhachtóirí priacail a mheastar a bheith iomchuí chun fíorú a dhéanamh an gcomhlíonann an institiúid sin an ceanglas cúltástála a leagtar amach in Airteagal 325bf.

4. Ceapfaidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na nithe seo a leanas a shonrú:

(a) na critéir atá riachtanach chun a áirithiú go mbeidh na hathruithe teoiriciúla ar luach punainne deisce trádála gar go leor do na hathruithe hipitéiseacha ar luach phunann na deisce trádála chun críocha mhír 2, agus forbairtí rialála idirnáisiúnta á gcur san áireamh;

(b) na hiarmhairtí a thiocfaidh as d'institiúid, i gcás nach bhfuil na hathruithe teoiriciúla ar luach punainne deasc trádála gar go leor do na hathruithe hipitéiseacha ar luach punainne deasca trádála chun críocha mhír 2;

▼M8

(c) a mhinice a bheidh ar an institiúid an aitreabúideacht B&C a chur i gcrích;

(d) na gnéithe teicniúla a chuirfear san áireamh sna hathruithe teoiriciúla agus hipitéiseacha ar luach punainne deasca trádála chun críocha an Airteagail seo;

(e) an dóigh a gcaithfidh institiúidí a mbíonn an tsamhail inmheánach in úsáid acu na ceanglais cistí dílse i gcomhair priacal margaidh a suíomhanna leabhair trádála uile a chomhiomlánú agus suíomhanna leabhair neamhthrádála atá faoi réir priacal malairte eachtraí nó priacal tráchtearraí, agus na hiarmhairtí dá dtagraítear i bpointe (b) á gcur san áireamh acu.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Márta 2020.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 325bh*

**Ceanglais maidir le priacal a thomhas**

1. Institiúidí a úsáideann samhail tomhais phriacail inmheánach chun na ceanglais cistí dílse i gcomhair priacal margaidh dá dtagraítear in Airteagal 325ba a ríomh, áiritheoidh na hinstitiúidí sin go gcomhlíonann an tsamhail na ceanglais seo a leanas go léir:

(a) gabhfar líon leordhóthanach fachtóirí priacail sa tsamhail tomhais phriacail inmheánach, lena n-áireofar ar a laghad na fachtóirí dá dtagraítear i bhForoinn 1 de Roinn 3 den Chaibidil 1a mura léiríonn an institiúid do na húdaráis inniúla nach ndéanann easnamh na bhfachtóirí priacail sin difear ábhartha do thorthaí an cheanglais sannta B&C dá dtagraítear in Airteagal 325bg; beidh institiúidí in ann a mhíniú do na húdaráis inniúla an fáth a ndearna siad fachtóir priacail a ionchorprú ina samhail phraghsála agus gan é a ionchorprú ina samhail tomhais phriacail inmheánach.

(b) gabhfar leis an tsamhail tomhais phriacail neamhlíneachtaí maidir le céadroghanna agus táirgí eile chomh maith le priacal comhghaoil agus priacal boinn.

(c) ionchorprófar leis an tsamhail tomhais phriacail inmheánach sraith fachtóirí priacail a chomhfhreagraíonn do rátaí úis gach airgeadra ina bhfuil suíomhanna lena mbaineann íogaireacht ráta úis laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe ag an institiúid; déanfaidh an institiúid na cuair toraidh a shamhaltú ag úsáid ceann de na cineálacha cur chuige a bhfuil glactha leo go ginearálta; déanfar an cuar toraidh a roinnt ina dheighleoga aibíochta, chun luaineachtaí rátaí feadh an chuair toraidh a ghabháil; maidir le risíochtaí ábhartha ar phriacal ráta úis sna hairgeadraí agus sna margaí móra, déanfar an cuar toraidh a shamhaltú ag úsáid sé dheighleog aibíochta ar a laghad, agus beidh líon na fachtóirí priacail a úsáidtear chun an cuar toraidh a shamhaltú comhréireach le cineál agus castacht straitéisí trádála na hinstitiúide; déanfaidh an tsamhail phriacail raon difríochta luaineachtaí nach bhfuil comhghaolaithe go foirfe idir cuair toraidh dhifriúla nó ionstraimí airgeadais difriúla ar an eisitheoir foluiteach céanna a ghabháil.

▼M8

(d) ionchorprófar leis an tsamhail tomhais phriacail inmheánach a fhreagraíonn d'ór agus do na hairgeadraí eachtracha aonair ina bhfuil suíomhanna na hinstitiúide ainmnithe; i gcás GCanna, cuirfear suíomhanna iarbhír maidir le hairgeadra eachtrach an GC san áireamh; féadfaidh institiúidí dul i muinín tuairisciú tríú páirtí ar shuíomh an GC in airgeadra eachtrach ar choinníoll go bhfuil cruinneas na tuairisce sin áirithithe go leormhaith; déanfar suíomhanna malairte eachtraí GC nach eol d'institiúid a ghearradh amach de réir chur chuige na samhlacha inmheánacha agus a láimhseáil i gcomhréir le Caibidil 1a.

(e) beidh sofaisticiúlacht na teicníce samhaltaithe coibhéiseach le hábharthacht ghníomhaíochtaí na hinstitiúide ar na margaí cothromais; úsáidfidh an tsamhail tomhais-phriacail inmheánach fachtóir priacail ar leithligh maidir le gach margadh cothromais ar a laghad ina sealbhaíonn an institiúid suíomhanna suntasacha agus fachtóir priacail amháin ar a laghad lena ngabhfar gluaiseachtaí i bpraghsanna cothromais agus spleáchas an fhachtóra phriacail sin ar na fachtóirí priacail aonair maidir le gach margadh cothromais.

(f) úsáidfidh an tsamhail tomhais-phriacail inmheánach fachtóir priacail ar leithligh maidir le gach tráchtearra ar a laghad ina sealbhaíonn an institiúid suíomhanna suntasacha mura bhfuil suíomh tráchtearraí comhiomlánaithe beag ag an institiúid i gcomparáid lena gníomhaíochtaí trádála go léir agus sa chás sin féadfaidh sí fachtóir priacail ar leithligh a úsáid maidir le gach cineál tráchtearra; maidir le risíochtaí ábhartha ar mhargaí tráchtearraí, déanfar a ghabháil leis an tsamhail an priacal a bhaineann le gluaiseachtaí nach bhfuil comhghaolaithe ar bhealach iomlán foirfe idir tráchtearraí atá cosúil ach nach bhfuil comhionann, an risíocht ar athruithe i réamhphraghsanna a thagann as neamhréireacha aibíochta agus an toradh áise idir suíomhanna díorthach agus suíomhanna airgid thirim.

(g) aon ionadaigh a mbainfear úsáid astu, taispeánfaidh siad cuntas teiste maithe i leith an tsuímh iarbhír a shealbhaítear, beidh siad coimeádach go hiomchuí agus ní úsáidfear iad ach amháin i gcás ina mbeidh na sonraí atá ar fáil neamhleor, mar shampla le linn na tréimhse struis dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 325bc(2).

(h) maidir le risíochtaí ar phriacail luaineachta in ionstraimí ina bhfuil roghnaíocht, déanfar a ghabháil leis an tsamhail tomhais phriacail inmheánach spleáchas luaineachtaí intuigthe i bpraghsanna feidhmithe agus aibíochtaí céadroghanna.

2. Féadfaidh institiúidí úsáid a bhaint as comhghaolta eimpíreacha laistigh de chatagóirí leathana fachtóirí priacail agus, ar mhaithe le ríomh an bhirt easnaimh neamhiallaithe $UES_t$ lena bhfuiltear ag súil, dá dtagraítear in Airteagal 325bb(1), thar chatagóirí leathana fachtóirí priacail i gcás ina bhfuil cur chuige na hinstitiúide chun na comhghaolta sin a thomhas fónta, i gcomhréir leis na tréimhsí leachtachta is infheidhme agus curtha chun feidhme go hionraic, agus sa chás sin amháin.

3. Faoin 28 Meán Fómhair 2020, eiseoidh ÚBE treoirlínte, i gcomhréir le Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, lena sonrófar na critéir maidir le hionchuir sonraí a úsáid sa tsamhail tomhais phriacail dá dtagraítear in Airteagal 325bc.

▼**M8**

*Airteagal 325bi*

**Ceanglais cháilíochtúla**

1. Beidh aon samhail inmheánach tomhais phriacail arna húsáid chun críocha na Caibidle seo fónta ar bhonn coincheapúil, déanfar í a ríomh agus a chur i bhfeidhm go hionraic agus comhlíonfar léi na ceanglais cháilíochtúla uile a leanas:

(a) aon samhail inmheánach tomhais phriacail a úsáidfear chun ceanglais chaipitil a ríomh le haghaidh priacal margaidh, beidh sí comhtháite go dlúth le próiseas laethúil bainistithe phriacail na hinstitiúide agus úsáidfear í mar bhonn chun risíocht ar phriacal a thuairisciú don bhainistíocht shinsearach.

(b) beidh aonad rialaithe priacail atá neamhspleách ar aonaid trádála gnó ag institiúid agus tuairisceoidh an t-aonad go díreach chun na bainistíochta sinsearaí; beidh an t-aonad sin freagrach as aon samhail inmheánach tomhais phriacail a cheapadh agus a chur chun feidhme; déanfar bailíochtú tosaigh agus leanúnach san aonad sin ar aon samhail inmheánach arna húsáid chun críocha na Caibidle seo agus beidh sé freagrach as an gcóras foriomlán bainistíochta priacail; san aonad sin, ullmhófar tuairiscí laethúla agus déanfar anailís orthu maidir le haschur aon samhla inmheánaí arna húsáid chun ceanglais chaipitil a ríomh le haghaidh priacal margaidh, chomh maith le tuairiscí maidir le hoiriúnacht na mbeart a bheidh le déanamh i dtéarmaí teorainneacha trádála.

(c) Beidh an comhlacht bainistíochta agus an bhainistíocht shinsearach rannpháirteach go gníomhach sa phróiseas rialaithe priacail agus déanfar athbhreithniú ar na tuairiscí laethúla arna ndéanamh ag an aonad rialaithe priacail ar leibhéal bainistíochta a mbeidh údarás leordhóthanach aige chun laghdú ar shuíomhanna arna nglacadh ag trádálaithe aonair a cheangal agus laghdú ar risíocht fhoriomlán na hinstitiúide ar phriacal a cheangal.

(d) Beidh líon foirne leordhóthanach ag an institiúid a bhfuil na scileanna atá acu ar leibhéal is iomchuí maidir le sofaisticiúlacht na samhlacha inmheánacha tomhais phriacail a úsáidfear, agus líon foirne leordhóthanach a bhfuil scileanna acu sna réimsí trádála, rialaithe priacail, iniúchta agus cúloifige.

(e) Beidh tacar doiciméadaithe de bheartais, nósanna imeachta agus rialuithe inmheánacha i bhfeidhm ag an institiúid chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú foriomlán a samhlacha inmheánacha tomhais priacail agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar iad.

(f) Aon samhail inmheánach tomhais phriacail, lena n-áirítear aon samhail phraghsála, beidh cuntas teiste cruthaithe aige maidir le cruinneas réasúnach i bpriacail a thomhas, agus ní bheidh difear suntasach ann idir an tsamhail sin agus na samhlacha a úsáideann an institiúid dá bainistíocht phriacail inmheánach.

(g) Déanfaidh an institiúid dianchláir tástála struis go minic, lena n-áirítear tástálacha struis droim ar ais, lena gcuimseofar aon samhail inmheánach tomhais phriacail; déanfaidh an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú ar thorthaí na dtástálacha struis sin ar bhonn míosa ar a laghad agus beidh na torthaí i gcomhréir leis na beartais agus na teorainneacha atá faofa ag an gcomhlacht bainistíochta; déanfaidh an institiúid bearta iomchuí i gcás ina léireoidh torthaí na dtástálacha struis caillteanais iomarcacha a eascróidh as gnó na hinstitiúide maidir le trádáil faoi imthosca áirithe;

▼M8

(h) Déanfaidh an institiúid athbhreithniú neamhspleách ar a samhlacha inmheánacha tomhais priacail, mar chuid dá próisis iniúchóireachta inmheánaí rialta, nó trí shainordú a thabhairt do ghnóthas tríú páirtí an t-athbhreithniú sin a dhéanamh, athbhreithniú a dhéanfar chun sástacht na n-údarás inniúil.

Chun críocha phointe (h) den chéad fhomhír, is gnóthas tríú páirtí é gnóthas a chuireann seirbhísí iniúchóireachta nó seirbhísí comhairliúcháin ar fáil d'institiúidí agus a bhfuil líon foirne aige a bhfuil a ndóthain scileanna acu sa réimse a bhaineann le priacal margaidh i ngníomhaíochtaí trádála.

2. San áireamh san athbhreithniú dá dtagraítear i bpointe (h) de mhír 1 beidh gníomhaíochtaí na n-aonad trádála gnó agus an aonaid rialaithe phriacail neamhspleách araon. Déanfaidh an institiúid athbhreithniú ar a próiseas foriomlán bainistithe priacail ar a laghad uair amháin sa bhliain. Déanfar measúnú ar na nithe seo a leanas san athbhreithniú:

(a) leordhóthanacht dhoiciméadú an chórais agus an phróisis bainistíochta priacail agus eagrúchán an aonaid rialaithe phriacail;

(b) bearta priacail a chomhtháthú leis an mbainistíocht phriacail laethúil agus sláine an chórais faisnéise bainistíochta;

(c) na próisis atá in úsáid ag an institiúid chun na samhlacha phraghsála priacail agus córais luachála atá in úsáid ag pearsanra na hoifige tosaigh agus na cúloifige a fhormheas;

(d) raon feidhme na bpriacal arna ngabháil ag an tsamhail, cruinneas agus oiriúnacht an chórais tomhais phriacail agus bailíochtú aon athruithe suntasacha ar an tsamhail inmheánach tomhais phriacail;

(e) beachtas agus iomláine na sonraí suímh, beachtas agus oiriúnacht na dtoimhdí luaineachta agus comhghaoil, beachtas na ríomhanna luachála agus íogaireachta maidir le priacal agus beachtas agus oiriúnacht maidir le soláthar ionadach sonraí sa chás nach leor na sonraí atá ar fáil chun an ceanglas a leagtar amach sa Chaibidil seo a chomhlíonadh;

(f) an próiseas fíoraithe atá in úsáid ag an institiúid chun meastóireacht a dhéanamh ar chomhsheasmhacht, ar tháthúlacht agus ar iontaofacht na bhfoinsí sonraí a úsáidtear chun aon cheann dá samhlacha inmheánacha tomhais phriacail a rith, lena n-áirítear neamhspleáchas na bhfoinsí sonraí sin;

(g) an próiseas fíoraithe atá in úsáid ag an institiúid chun meastóireacht a dhéanamh ar cheanglais chúltástála agus ar cheanglais aitreabúideachta brabúis agus caillteanais a dhéantar chun measúnú a dhéanamh ar bheachtas na samhlacha inmheánacha tomhais phriacail;

(h) i gcás go ndéanann gnóthas tríú páirtí an t-athbhreithniú i gcomhréir le pointe (h) de mhír 1 den Airteagal seo, comhlíonann an fíorú a leagtar amach leis an bpróiseas bailíochtaithe inmheánach in Airteagal 325bj a chuspóirí.

▼M8

3. Déanfaidh institiúidí nuashonrú ar na teicnící agus ar na cleachtais a úsáideann siad le haghaidh aon cheann de na samhlacha inmheánacha tomhais phriacail arna n-úsáid chun críocha na Caibidle seo chun forbairtí a dhéantar ar theicnící nua agus ar dhea-chleachtais nua i dtaca leis na samhlacha inmheánacha tomhais phriacail sin a chur san áireamh.

*Airteagal 325bj*

**Bailíochtú Inmheánach**

1. Beidh próisis ar bun ag institiúidí lena áirithiú go ndearna páirtithe atá cáilithe go cuí agus atá neamhspleách ar an bpróiseas forbartha, bailíochtú leordhóthanach ar aon samhlacha inmheánacha tomhais phriacail arna húsáid chun críocha na Caibidle seo lena áirithiú go bhfuil na samhlacha sin fónta ar bhonn coincheapúil agus go ngabhtar leo go leordhóthanach na priacail ábhartha uile.

2. Déanfaidh na hinstitiúidí an bailíochtú dá dtagraítear i mír 1 sna cúinsí seo a leanas:

(a) nuair a dhéanfar aon samhail inmheánach tomhais phriacail a fhorbairt i dtosach agus nuair a dhéanfar aon athruithe suntasacha ar an tsamhail sin;

(b) déanfar an bailíochtú freisin ar bhonn tráthúil agus i gcás ina mbeidh aon athruithe struchtúracha suntasacha sa mhargadh nó athruithe i gcomhdhéanamh na punainne a d'fhágfadh nach mbeadh an tsamhail inmheánach tomhais phriacail leordhóthanach a thuilleadh.

3. Ní bheidh bailíochtú ar na samhlacha inmheánacha tomhais phriacail a bhaineann le hinstitiúid teoranta do chúltástáil agus do cheanglais aitreabúideachta brabúis agus caillteanais, ach áireofar ar a laghad iad seo a leanas mar chuid de:

(a) tástálacha lena fhíorú gur iomchuí aon toimhdí a dhéanfar laistigh den samhail inmheánach agus nach ndéanfar leo gannmheastachán nó rómheastachán ar an bpriacal;

(b) tástálacha bailíochtaithe na n-institiúidí féin ar an tsamhail inmheánach, lena n-áirítear cúltástáil mar aon leis na cláir chúltástála rialála, maidir le priacail agus struchtúir a bpunann;

(c) úsáid a bhaint as punanna hipitéiseacha lena áirithiú gur féidir cuntas a thabhairt leis an tsamhail inmheánach tomhais phriacail ar ghnéithe struchtúracha ar leith a d'fhéadfadh teacht chun cinn, mar shampla priacail ábhartha boinn agus priacal comhchruinnithe nó na priacail a bhaineann leis an úsáid a bhaintear as ionadaigh.

*Airteagal 325bk*

**Beart priacail maidir le cás struis a ríomh**

1. Ciallaíonn an "beart priacail maidir le cás struis d'fhachtóir priacail neamh-insamhaltaithe" an caillteanas a thabhaítear i suíomhanna leabhair trádála nó suíomhanna leabhair neamhthrádála atá faoi réir priacal malairte eachtraí nó priacal thráchtearraí na punainne lena n-áirítear an fachtóir priacail neamh-insamhaltaithe sin sa chás ina gcuirtear dianchás de shuaitheadh amach anseo i bhfeidhm maidir leis an bhfachtóir priacail sin.

▼M8

2. Forbróidh institiúidí chun sástacht na n-údarás inniúil dianchásanna de shuaitheadh amach anseo le haghaidh na bhfachtóirí priacail neamh-insamhaltaithe uile.

3. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na nithe seo a leanas a shonrú:

(a) conas a fhorbróidh institiúidí na dianchásanna de shuaitheadh amach anseo is infheidhme maidir le fachtóirí priacail neamh-insamhaltaithe agus conas a chuirfidh siad i bhfeidhm na dianchásanna sin de shuaitheadh amach anseo maidir leis na fachtóirí priacail sin;

(b) dianchás rialála de shuaitheadh amach anseo le haghaidh gach fochatagóir leathan fachtóirí priacail a liostaítear i dTábla 2 d'Airteagal 325bd a bhféadfaidh institiúidí a úsáid nuair nach féidir leo dianchás de shuaitheadh amach anseo a fhorbairt i gcomhréir le pointe (a) den fhomhír seo, nó a bhféadfaidh údaráis inniúla iarraidh ar an institiúid a chur i bhfeidhm mura bhfuil na húdaráis sin sásta leis an dianchás de shuaitheadh amach anseo arna fhorbairt ag an institiúid;

(c) na himthosca faoina bhféadfaidh institiúidí an beart priacail maidir le cás struis a ríomh le haghaidh níos mó ná aon fhachtóir priacail neamh-insamhaltaithe amháin;

(d) an chaoi a gcomhiomlánfaidh institiúidí na bearta priacail maidir le cás struis d'fhachtóirí priacail neamh-insamhaltaithe uile a áirítear ina suíomhanna leabhair trádála agus sna suíomhanna leabhair neamhthrádála atá faoi réir priacal malairte eachtraí nó priacal tráchtearraí.

Agus na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin á bhforbairt, cuirfidh ÚBE san áireamh an ceanglas go mbeidh leibhéal na gceanglas maidir le cistí dílse le haghaidh priacal margaidh an fhachtóra phriacail neamh-insamhaltaithe de réir mar a leagtar síos san Airteagal seo, go mbeidh sé chomh hard le leibhéal na gceanglas le haghaidh priacal margaidh a dhéanfaí a ríomh faoin gCaibidil dá bhféadfaí an fachtóir priacail sin a shamhaltú.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Meán Fómhair 2020.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

## Roinn 3

## An tsamhail inmheánach maidir leis an bpriacal mainneachtana

*Airteagal 325bl*

**Raon feidhme na samhla inmheánaí maidir leis an bpriacal mainneachtana**

1. Suíomhanna uile institiúide a shanntar do na deasca trádála ar tugadh cead ina leith don institiúid mar a thagraítear dó in Airteagal 325az(2), beidh siad faoi réir ceanglas cistí dílse le haghaidh priacal mainneachtana i gcás ina bhfuil ar a laghad fachtóir priacail amháin sna suíomhanna a ndearnadh a mhapáil ar na catagóirí leathana fachtóirí priacail "cothromas" nó "raon difríochta creidmheasa" i gcomhréir le hAirteagal 325bd(1). Is ceanglas é an ceanglas maidir le

▼M8

cistí dílse atá incriminteach ar na priacail arna ngabháil leis na ceanglais maidir le cistí dílse dá dtagraítear in Airteagal 325ba(1), agus déanfar é a ríomh le samhail inmheánach maidir leis an bpriacal mainneachtana na hinstitiúide. Chomhlíonfaidh an tsamhail sin na ceanglais a leagtar síos sa Roinn seo.

2. Maidir le gach ceann de na suíomhanna dá dtagraítear i mír 1, sainaithneoidh institiúid eisiúnaí amháin ionstraimí fiachais thrádáilte nó ionstraimí cothromais thrádáilte a bhaineann le fachtóir priacail amháin ar a laghad.

*Airteagal 325bm*

**Cead samhail inmheánach maidir leis an bpriacal mainneachtana a úsáid**

1. Tabharfaidh na húdaráis inniúla cead d'institiúidí úsáid a bhaint as samhail inmheánach maidir leis an bpriacal mainneachtana chun ríomh a dhéanamh ar na ceanglais maidir le cistí dílse dá dtagraítear in Airteagal 325ba(2) le haghaidh na suíomhanna leabhair trádála uile dá dtagraítear in Airteagal 325bl a shanntar do dheasc trádála a gcomhlíonann a shamhail inmheánach maidir leis an bpriacal mainneachtana na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 325bi, 325bj, 325bn 325bo agus 325bp.

2. I gcás nach gcomhlíonfaidh deasc trádála institiúide, dá sanntar ar a laghad ceann amháin de na suíomhanna leabhair trádála dá dtagraítear in Airteagal 325bl, na ceanglais a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, déanfar na ceanglais cistí dílse i gcomhair priacal margaidh na suíomhanna uile sa deasc trádála sin a ríomh i gcomhréir leis an gcur chuige a leagtar amach i gCaibidil 1a.

*Airteagal 325bn*

**Ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal mainneachtana trí úsáid a bhaint as samhail inmheánach maidir leis an bpriacal mainneachtana**

1. Déanfaidh institiúidí na ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal mainneachtana a ríomh trí úsáid a bhaint as samhail inmheánach maidir leis an bpriacal mainneachtana do phunann na suíomhanna uile leabhar trádála dá dtagraítear in Airteagal 325bl mar seo a leanas:

(a) beidh na ceanglais cistí dílse cothrom le huimhir luacha faoi phriacal lena ndéanfar tomhas ar chaillteanais a d'fhéadfadh a bheith ann i luach margaidh na punainne mar thoradh ar mhainneachtain eisiúnaithe a bhaineann leis na suíomhanna sin ag an eatramh muiníne 99.9 % thar thréimhse ionchasach bliana.

(b) ciallaíonn an caillteanas a d'fhéadfadh a bheith ann dá dtagraítear i bpointe (a) caillteanas díreach nó indíreach i luach margaidh an tsuímh mar thoradh ar mhainneachtain na n-eisiúnaithe agus ar caillteanas incriminteach é ar aon chaillteanais a chuirfear san áireamh roimhe sin i luacháil reatha an tsuímh; déanfar mainneachtain eisiúnaithe na suíomhanna cothromais a léiriú trí luach phraghsanna cothromais na n-eisiúnaithe a chur go nialas.

▼M8

(c) cinnfidh institiúidí na comhghaolta mainneachtana idir eisiúnaithe éagsúla bunaithe ar mhodheolaíocht atá fónta ar bhonn coincheapúil agus trí úsáid a bhaint as sonraí stairiúla oibiachtúla maidir le raonta difríochta creidmheasa margaidh nó praghsanna cothromais a chumhdaíonn tréimhse 10 mbliana ar a laghad lena n-áirítear an tréimhse struis arna sainiú ag an institiúid i gcomhréir le hAirteagal 325bc(2); déanfar ríomh na gcomhghaolta mainneachtana idir na heisiúnaithe éagsúla a chalabrú do thréimhse ionchasach bliana.

(d) beidh an tsamhail inmheánach maidir leis an bpriacal mainneachtana bunaithe ar thoimhde suímh sheasta bliana.

2. Déanfaidh institiúidí na ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal mainneachtana a ríomh trí úsáid a bhaint as samhail inmheánach maidir leis an bpriacal mainneachtana dá dtagraítear i mír 1 ar bhonn seachtaine ar a laghad.

3. De mhaolú ar phointe (a) agus ar phointe (c) de mhír 1, féadfaidh institiúid tréimhse ionchasach seasca lá a chur in áit na tréimhse ionchasaí bliana chun críche priacal mainneachtana roinnt de na suíomhanna cothromais nó na suíomhanna cothromais ar fad a ríomh, i gcás inarb iomchuí. Sa chás sin, beidh an ríomh a dhéanfar ar chomhghaolta mainneachtana idir praghsanna cothromais agus dóchúlachtaí mainneachtana i gcomhréir le tréimhse ionchasach seasca lá agus beidh an ríomh a dhéanfar ar chomhghaolta mainneachtana idir praghsanna cothromais agus praghsanna bannaí i gcomhréir le tréimhse ionchasach bliana.

*Airteagal 325bo*

**Fálú a aithint i samhail inmheánach maidir leis an bpriacai mainneachtana**

1. Féadfaidh institiúidí fálaithe a ionchorprú ina samhail inmheánach maidir leis an bpriacal mainneachtana agus féadfaidh siad suíomhanna a ghlanluacháil sa chás ina dtagraíonn na suíomhanna fada agus gearra don ionstraim airgeadais chéanna.

2. Ní fhéadfaidh institiúidí fálaithe nó éifeachtaí éagsúlaithe a bhaineann le suíomhanna fada agus gearra lena mbaineann ionstraimí éagsúla nó urrúis éagsúla den fhéichiúnaí céanna a aithint ina samhlacha inmheánacha maidir leis an bpriacal mainneachtana, ach oiread le suíomhanna fada agus gearra in eisiúnaithe éagsúla ach trí na suíomhanna comhlána idir fhada agus ghearr sna hionstraimí éagsúla a shamhaltú go sainráite, lena n-áirítear samhaltú priacal boinn idir eisiúnaithe éagsúla.

3. Gabhfaidh institiúidí ina samhlacha inmheánacha maidir leis an bpriacal mainneachtana na priacail ábhartha idir ionstraim fálúcháin agus an ionstraim fhálaithe a d'fhéadfadh tarlú le linn an eatraimh idir aibíocht ionstraim fálúcháin agus an tréimhse ionchasach bliana chomh maith leis an bhféidearthacht go dtarlódh priacail boinn shuntasacha i straitéisí fálaithe a eascródh as difríochtaí i gcineál an táirge, sinsearacht sa struchtúr caipitiúil, rátálacha inmheánacha nó seachtracha, aibíocht, bliain eisiúna agus difríochtaí eile. Ní aithneoidh institiúidí ionstraim fálúcháin ach a mhéid is féidir é a chothabháil fiú amháin nuair atá an féichiúnaí ag druidim le teagmhas creidmheasa nó teagmhas eile.

▼M8

*Airteagal 325bp*

**Ceanglais shonracha maidir le samhail inmheánach maidir leis an bpriacal mainneachtana**

1. Beidh sé de chumas ag an tsamhail inmheánach maidir leis an bpriacal mainneachtana dá dtagraítear in Airteagal 325bm(1) mainneachtain eisiúnaithe aonair mar aon le mainneachtain chomhuaineach ileisiúnaithe a shamhaltú agus, leis an tsamhail, cuirfear san áireamh tionchar na mainneachtainí sin ar luachanna margaidh na suíomhanna a áirítear i raon feidhme na samhla sin. Chun na críche sin, déanfar mainneachtain gach eisitheora aonair a shamhlú trí úsáid a bhaint as dhá chineál fachtóirí priacail córasacha.

2. Leis an tsamhail inmheánach maidir leis an bpriacal mainneachtana, léireofar an timthriall eacnamaíoch lena n-áirítear a mhéid a bhraitheann rátaí téarnaimh agus fachtóirí priacail córasacha dá dtagraítear i mír 1 ar a chéile.

3. Leis an tsamhail inmheánach maidir leis an bpriacal mainneachtana, léireofar tionchar neamhlíneach na gcéadroghanna agus na suíomhanna eile lena mbaineann iompar neamhlíneach ábhartha i leith athruithe i bpraghsanna. Beidh aird chuí ag an institiúid freisin ar mhéid an phriacail de bharr samhaltú atá intuigthe i luacháil agus meastachán ar na priacail phraghais a bhaineann le táirgí den sórt sin.

4. Beidh an tsamhail inmheánach maidir leis an bpriacal mainneachtana bunaithe ar shonraí atá oibiachtúil agus cothrom le dáta.

5. Chun mainneachtain na n-eisiúnaithe a ionsamhlú sa tsamhail inmheánach maidir leis an bpriacal mainneachtana, comhlíonfaidh meastacháin na hinstitiúide ar dhóchúlachtaí mainneachtana na ceanglais seo a leanas:

(a) socrófar íosteorainn na ndóchúlachtaí mainneachtana ag an ráta 0,03 %;

(b) bunófar na dóchúlachtaí mainneachtana ar thréimhse ionchasach bliana, mura luaitear a mhalairt sa Roinn seo;

(c) chun dóchúlachtaí mainneachtana a thomhas, úsáidfear sonraí maidir le mainneachtana a tharla san am atá caite agus meathlú móra i bpraghsanna margaidh atá coibhéiseach le teagmhais mhainneachtana, ó thréimhse a théann siar cúig bliana ar a laghad, agus na sonraí sin amháin, nó úsáidfear na sonraí sin i dteannta le praghsanna margaidh reatha; ní bhunófar dóchúlachtaí mainneachtana ar phraghsanna margaidh reatha amháin.

(d) i gcás institiúide ar tugadh cead di meastachán a dhéanamh ar dhóchúlacht mainneachtana i gcomhréir le Roinn 1 de Chaibidil 3 de Theideal II, úsáidfidh sí an mhodheolaíocht a leagtar amach inti chun dóchúlachtaí mainneachtana a ríomh;

(e) i gcás institiúide nár tugadh cead di meastachán a dhéanamh ar dhóchúlacht mainneachtana i gcomhréir le Roinn 1 de Chaibidil 3 de Theideal II, forbróidh sí modheolaíocht inmheánach nó úsáidfidh sí foinsí seachtracha chun meastachán a dhéanamh ar dhóchúlachtaí mainneachtana; sa dá chás sin, beidh na meastacháin ar dhóchúlachtaí mainneachtana i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo.

▼M8

6. Chun mainneachtain na n-eisiúnaithe a ionsamhlú sa tsamhail inmheánach maidir leis an bpriacal mainneachtana, comhlíonfaidh meastacháin na hinstitiúide ar chaillteanas i gcás mainneachtana na ceanglais seo a leanas:

(a) socrófar na meastacháin caillteanais i gcás mainneachtana ag an ráta 0 %;

(b) léireoidh na meastacháin caillteanais i gcás mainneachtana sinsearacht gach suímh;

(c) i gcás institiúide ar tugadh cead di meastachán a dhéanamh ar chaillteanas i gcás mainneachtana i gcomhréir le Roinn 1 de Chaibidil 3 de Theideal II, úsáidfidh sí an mhodheolaíocht a leagtar amach inti chun caillteanas i gcás mainneachtana a ríomh;

(d) i gcás institiúide nár tugadh cead di meastachán a dhéanamh ar chaillteanas i gcás mainneachtana i gcomhréir le Roinn 1 de Chaibidil 3 de Theideal II, forbróidh sí modheolaíocht inmheánach nó úsáidfidh sí foinsí seachtracha chun meastachán a dhéanamh ar an gcaillteanas i gcás mainneachtana; sa dá chás sin, beidh na meastacháin ar chaillteanas i gcás mainneachtana i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo.

7. Mar chuid den athbhreithniú agus den bhailíochtú neamhspleách ar na samhlacha inmheánacha a úsáideann siad chun críocha na Caibidle seo, lena n-áirítear ar an gcóras tomhais phriacail, déanfaidh institiúidí an méid a leanas:

(a) a fhíorú go bhfuil a gcur chuige i leith shamhaltú na gcomhghaolta agus na n-athruithe i bpraghsanna oiriúnach dá bpunann, lena n-áirítear rogha agus ualaí na bhfachtóirí priacail córasacha sa tsamhail;

(b) tástálacha struis éagsúla a dhéanamh, lena n-áirítear anailísí íogaireachta agus anailísí ar chásanna, chun réasúntacht chainníochtúil agus cháilíochtúil na samhla inmheánaí maidir leis an bpriacal mainneachtana a mheasúnú, go háirithe maidir le láimhseáil comhchruinnithe; agus

(c) bailíochtú cainníochtúil iomchuí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear tagarmharcanna samhaltaithe inmheánacha iomchuí.

Na tástálacha dá dtagraítear i bpointe (b), ní bheidh siad teoranta don réimse teagmhas a tharla san am atá caite.

8. Leis an tsamhail inmheánach maidir leis an bpriacal mainneachtana, léireofar go hiomchuí comhchruinnithe eisitheora agus comhchruinnithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn thar aicmí táirgí agus laistigh díobh faoi dhálaí struis.

9. Beidh an tsamhail inmheánach maidir leis an bpriacal mainneachtana i gcomhréir le modheolaíochtaí inmheánacha bainistíochta priacail na hinstitiúide arna n-úsáid chun priacail trádála a aithint, a thomhas agus a bhainistiú.

10. Beidh beartais agus nósanna imeachta a bheidh sainmhínithe go soiléir i bhfeidhm ag institiúidí chun toimhdí mainneachtana chomhghaoil a chinneadh idir na heisitheoirí éagsúla i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 325bn(1) agus rogha na tosaíochta de na modhanna chun meastachán a dhéanamh ar na dóchúlachtaí mainneachtana i bpointe (e) de mhír 5 den Airteagal seo agus an caillteanas i gcás mainneachtana i bpointe (d) de mhír 6 den Airteagal seo.

▼M8

11. Déanfaidh institiúidí a samhlacha inmheánacha a dhoiciméadú ionas go mbeidh a dtoimhdí comhghaoil agus a dtoimhdí samhaltaithe eile trédhearcach do na húdaráis inniúla.

12. Déanfaidh an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) dréacht-chaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun sonrú a dhéanamh ar na ceanglais atá lena bheith comhlíonta ag modheolaíocht inmheánach nó foinsí seachtracha institiúide chun meastachán a dhéanamh ar dhóchúlachtaí mainneachtana agus ar chaillteanas i gcás mainneachtana i gcomhréir le pointe (e) de mhír 5 agus pointe (d) de mhír 6.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Meán Fómhair 2020.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

▼B

*CAIBIDIL 2*

***Ceanglais na gcistí dílse le haghaidh priacal an tsuímh***

Roinn 1

**Forálacha ginearálta agus ionstraimí ar leith**

*Airteagal 326*

**Ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal an tsuímh**

Beidh ceanglais cistí dílse na hinstitiúide le haghaidh priacal an tsuímh cothrom le suim na gceanglas cistí dílse le haghaidh priacal ginearálta agus sonrach a suímh laistigh d'ionstraimí fiachais agus cothromais. Láimhseálfar suímh urrúsúcháin sa leabhar trádála mar ionstraimí fiachais.

*Airteagal 327*

**Glanluacháil**

1. Maidir le luach absalóideach fharasbarr shuímh fhada (ghearra) na hinstitiúide ar shuímh ghearra (fhada) na hinstitiúide sna heisiúintí cothromais, fiachais agus in-chomhshóite céanna agus sna todh-chaíochtaí airgeadais, roghanna, barántais agus barántais chumhdaithe chomhionanna, beidh an luach sin cothrom le glansuíomh na hinstitiúide laistigh de gach ceann de na hionstraimí éagsúla sin. Láimhseálfar suímh laistigh d'ionstraimí díorthacha mar atá leagtha síos in Airteagail 328 go 330 agus an glansuíomh á ríomh. Agus ceanglais chaipitil le haghaidh priacal shonraigh á ríomh faoi Airteagal 336, déanfar neamhaird d'ionstraimí fiachais na hinstitiúide arna sealbhú ag an institiúid féin.

▼B

2. Ní cheadófar aon ghlanluacháil idir suíomh in-chomhshóite agus suíomh fritháirimh san ionstraim fholuiteach, mura nglacann na húdaráis inniúla le cur chuige faoina gcuirtear san áireamh an dóchúlacht go gcomhshófaí suíomh in-chomhshóite faoi leith nó mura gceanglaíonn siad go gcumhdófar faoi cheanglas cistí dílse aon chaillteanas a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an suíomh a chomhshó. Cuirfear na cineálacha cur chuige sin nó na ceanglais cistí dílse sin in iúl do ÚBE. Déanfaidh ÚBE faireachán ar an raon cleachtas sa réimse seo agus eiseoidh sé treoirlínte i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

3. Déanfar gach glansuíomh, is cuma cén comhartha atá air, a chomhshó gach lá in airgeadra tuairiscithe na hinstitiúide de réir an spotráta malartaithe atá i réim an tráth sin sula ndéantar é a chomhiomlánú.

*Airteagal 328*

**Todhchaíochtaí ráta úis agus réamhchonarthaí**

1. Déanfar todhchaíochtaí ráta úis, comhaontuithe ar réamhráta (FRAnna) agus réamhoibleagáidí chun ionstraimí fiachais a cheannach nó a dhíol a láimhseáil mar theaglamaí de shuímh fhada agus de shuímh ghearra. Dá bhrí sin, láimhseálfar suíomh todhchaíochtaí a bhfuil ráta fada úis ag baint leis mar theaglaim d'iasacht a thiocfaidh in aibíocht dáta seachadta an chonartha todhchaíochtaí agus de shealúchas sócmhainne a bhfuil dáta aibíochta aige atá cothrom le dáta aibíochta na hionstraime nó an tsuímh bharúlaigh foluiteach an gconradh todhchaíochtaí atá i gceist. Ar an gcaoi chéanna láimhseálfar FRA díolta mar shuíomh fada a bhfuil dáta aibíochta aige atá cothrom leis an dáta socraíochta móide an tréimhse chonartha, agus mar shuíomh gearr a bhfuil dáta aibíochta aige atá cothrom leis an dáta socraíochta. Cuirfear an sealúchas iasachta agus sócmhainne ar áireamh sa chéad chatagóir atá leagtha amach i dTábla 1 in Airteagal 336 d'fhonn an ceanglas cistí dílse le haghaidh priacal shonraigh i gcomhair todhchaíochtaí ráta úis agus FRAnna a ríomh. Láimhseálfar réamhoibleagáid chun ionstraim fiachais a cheannach mar theaglaim d'iasacht a thiocfaidh in aibíocht an dáta seachadta agus de (spot)suíomh fada san ionstraim fiachais féin. Cuirfear an iasacht ar áireamh sa chéad chatagóir atá leagtha amach i dTábla 1 in Airteagal 336 chun críocha an priacal shonraigh, agus cuirfear an ionstraim fiachais faoin gcolún is iomchuí dó sa tábla céanna.

2. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn 'suíomh fada' suíomh ina bhfuil an ráta úis a gheobhaidh institiúid am éigin sa todhchaí socraithe aici, agus ciallaíonn 'suíomh gearr' suíomh ina bhfuil an ráta úis a íocfaidh sí am éigin sa todhchaí socraithe aici.

*Airteagal 329*

**Roghanna agus barántais**

1. Láimhseálfar roghanna agus barántais ar rátaí úis, ar ionstraimí fiachais, ar innéacsanna cothromais, ar thodhchaíochtaí airgeadais, ar bhabhtálacha agus ar airgeadraí eachtracha amhail is dá mba shuímh iad a bhfuil luach acu atá cothrom le luach mhéid na hionstraime foluiteach dá dtagraíonn an rogha seo, arna iolrú faoina deilte chun críocha na Caibidle seo. Féadfar na suímh dheireanacha sin a ghlanluacháil i gcoinne aon suímh fritháirimh sna hurrúis nó sna díorthaigh chomhionanna fholuiteacha. Is í an deilte a úsáidfear ceann na malairte lena mbaineann. Le haghaidh roghanna thar an gcuntar, nó i gcás nach

▼B

bhfuil fáil ar deilte ón mhalairt lena mbaineann, d'fhéadfadh an institiúid féin an deilte a ríomh agus samhail chuí á úsáid, faoi riar cead a fháil ó na húdaráis inniúla. Tabharfar cead má mheastar ráta athraithe luach na rogha nó luach an bharántais go hiomchuí leis an tsamhail i leith athruithe beaga i bpraghas margaidh na hionstraime foluiteach.

2. Léireoidh institiúidí priacail eile go sásúil, seachas an priacal deilte a bhaineann le roghanna sna ceanglais cistí dílse.

3. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena saineofar réimse modhanna chun priacail eile, seachas priacal deilte, dá dtagraítear i mír 2 a léiriú sna ceanglais cistí dílse ar bhealach a thagann le scála agus le castacht ghníomhaíochtaí na n-institiúidí maidir le roghanna agus le barántais.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2013.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

4. Roimh theacht i bhfeidhm na gcaighdeán teicniúil dá dtagraítear i mír 3, féadfaidh institiúidí inniúla leanúint de na láimhseálacha náisiúnta atá ann cheana féin a chur i bhfeidhm, i gcás gur chuir na húdaráis inniúla an láimhseáil sin i bhfeidhm roimh an 31 Nollaig 2013

*Airteagal 330*

**Babhtálacha**

Láimhseálfar le babhtálacha chun críocha priacal an ráta úis ar an mbonn céanna is a láimhseáiltear le hionstraimí ar an gclár comhardaithe. Dá bhrí sin, i gcás babhtála ráta úis faoina bhfaigheann institiúid ús de réir ráta chomhlúthaigh agus faoina n-íocann sí ús de réir ráta sheasta, láimhseálfar í amhail is dá mbeadh sí coibhéiseach le suíomh fada in ionstraim ráta chomhlúthaigh a bhfuil aibíocht aici atá coibhéiseach leis an tréimhse go dtí go socrófar ús an chéad uair eile agus le suíomh gearr in ionstraim ráta sheasta a bhfuil an aibíocht chéanna aici is atá ag an mbabhtáil féin.

*Airteagal 331*

**Priacal ráta úis ar ionstraimí díorthacha**

1. Féadfaidh institiúidí a mharcálann ón margadh agus a bhainistíonn priacal ráta úis ar na hionstraimí díorthacha atá cumhdaithe in Airteagail 328 go 330 ar bhonn sreafa airgid lascainithe, faoi réir chead na n-údarás inniúil, leas a bhaint as samhlacha íogaireachta chun na suímh dá dtagraítear sna hAirteagail sin a ríomh agus féadfaidh siad iad a úsáid le haghaidh aon bhanna a amúchtar thar a shaolré iarmharach seachas tríd an bpríomhshuim a aisíoc in aon íocaíocht deiridh amháin. Tabharfar an cead seo má ghineann na samhlacha sin suímh a bhfuil an íogaireacht chéanna acu maidir le hathruithe sa ráta úis is atá ag na sreabha airgid foluiteacha. Déanfar an íogaireacht seo a mheas faoi threoir gluaiseachtaí neamhspleácha i rátaí samplacha ar fud an chuair toraidh, a bhfuil pointe íogaireachta amháin ar a laghad acu i ngach aon cheann de na bannaí aibíochta atá leagtha amach i dTábla 2 in Airteagal 339. Déanfar na suímh sin a áireamh agus ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal sonrach na n-ionstraimí fiachais á ríomh.

▼B

2. Féadfaidh institiúidí nach n-úsáideann samhlacha faoi mhír 1, suímh laistigh d'ionstraimí díorthacha a chumhdaítear in Airteagail 328 go 330 agus a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas ar a laghad a láimhseáil mar shuímh lán-fhritháirimh:

(a) tá an luach céanna ar na suímh agus tá siad ainmnithe san airgeadra céanna;

(b) tá an ráta tagartha (i gcás suímh ráta chomhlúthaigh) nó an cúpón (i gcás suímh ráta sheasta) comhoiriúnaithe go dlúth;

(c) freagraíonn an chéad dáta eile chun ús a shocrú, nó i gcas suímh chúpóin sheasta, an aibíocht iarmhair, do na srianta seo a leanas:

(i) níos lú ná mí amháin agus dá bhrí sin: an lá céanna;

(ii) idir mí amháin agus bliain amháin agus dá bhrí sin: laistigh de sheacht lá;

(iii) níos mó ná bliain amháin agus dá bhrí sin: laistigh de 30 lá.

*Airteagal 332*

**Díorthaigh chreidmheasa**

1. Nuair atá ceanglas cistí dílse le haghaidh priacal ginearálta agus priacal sonrach an pháirtí sin a ghlacann an priacal creidmheasa ('díoltóir na cosanta') á ríomh, mura sonraítear a mhalairt, úsáidfear méid barúlach an chonartha díorthach creidmheasa. D'ainneoin na chéad abairte, féadfaidh an institiúid rogha a dhéanamh an luach barúlach móide an t-athrú i margadhluach glan an díorthaigh chreidmheasa ó thráth tionscanta na trádála, arb ionann é agus athrú glan síos ó thaobh dhíoltóir na cosanta de agus a mbeadh comhartha diúltach air, a chur in ionad an luacha bharúlaigh. Ar mhaithe leis an muirear um priacal sonrach a ríomh, seachas i gcás babhtálacha an toraidh iomláin, beidh feidhm ag aibíocht an chonartha díorthach creidmheasa, seachas ag aibíocht na hoibleagáide. Déantar suímh a chinneadh mar seo a leanas:

(a) cruthaíonn babhtáil an toraidh iomláin suíomh fada i priacal ginearálta na hoibleagáide tagartha mar aon le suíomh gearr i priacal ginearálta an bhanna rialtais a bhfuil aibíocht aige atá coibhéiseach leis an tréimhse go dtí an chéad uair eile a shocrófar ús agus a sanntar ualú priacal 0 % dó faoi Theideal II, Caibidil 2. Cruthaíonn sí suíomh fada freisin i priacal sonrach na hoibleagáide tagartha;

(b) ní chruthaíonn babhtáil mainneachtana creidmheasa suíomh i gcomhair priacal ghinearálta. Chun críocha priacal shonraigh, déanfaidh an institiúid suíomh fada sintéiseach a thaifeadadh in oibleagáid an eintitis tagartha, ach amháin sa chás go bhfuil rátáil sheachtrach á déanamh ar an díorthach agus comhlíonann sé na coinníollacha maidir le hítim féich cháilithigh, agus sa chás sin taifeadtar suíomh fada sa díorthach. Má tá íocaíochtaí préimhe nó úis dlite faoin toradh, déanfar na sreabha airgid sin a léiriú mar shuímh bharúlacha i mbannaí rialtais;

▼B

(c) cruthaíonn nóta creidmheas-nasctha aonainm suíomh fada i priacal ginearálta an nóta féin, mar tháirge ráta úis. Chun críche priacal shonraigh, cruthaítear suíomh fada sintéiseach in oibleagáid an eintitis tagartha. Cruthaítear suíomh fada breise in eisitheoir an nóta. I gcás ina bhfuil rátáil sheachtrach ag nóta creidmheas-nasctha agus ina gcomhlíonann sé na coinníollacha maidir le hítim féich cháilithigh, ní gá ach suíomh fada aonair mar aon le priacal sonrach an nóta a thaifeadadh;

(d) chomh maith le suíomh fada i priacal sonrach eisitheoir an nóta, cruthaíonn nóta creidmheas-nasctha il-ainmneacha a sholáthraíonn cosaint chomhréireach suíomh laistigh de gach eintiteas tagartha, agus méid barúlach iomlán an chonartha sannta do na suímh de réir an chion den mhéid barúlach iomlán atá in ionannas le gach risíocht ar eintiteas tagartha. I gcás inar féidir níos mó ná oibleagáid amháin de chuid eintitis tagartha a roghnú, is de réir na hoibleagáide ag a bhfuil an t-ualú priacal is airde a chinntear an bpriacal sonrach.

(e) cruthaíonn díorthach creidmheasa don chéad sócmhainn a mhainníonn suíomh don mhéid barúlach in oibleagáid gach aon eintiteas tagartha. I gcás ina bhfuil uasmhéid na híocaíochta i leith teagmhas creidmheasa níos ísle ná an ceanglas cistí dílse faoin modh sin a luaitear sa chéad abairt den phointe seo, féadfar an méid sin a ghlacadh mar an gceanglas cistí dílse le haghaidh priacal shonraigh.

Cruthaíonn díorthach creidmheasa don n-ú sócmhainn a mhainníonn suíomh don mhéid barúlach in oibleagáid gach aon eintitis tagartha lúide na heintitis tagartha n-1 a bhfuil an ceanglas cistí dílse is ísle le haghaidh priacal shonraigh acu. I gcás ina bhfuil uasmhéid na híocaíochta i leith teagmhas creidmheasa níos ísle ná an ceanglas cistí dílse faoin modh sin a luaitear sa chéad abairt den phointe seo, féadfar an méid sin a ghlacadh mar an ceanglas cistí dílse le haghaidh priacal shonraigh.

I gcás ina ndéantar rátáil sheachtrach ar dhíorthach creidmheasa don n-ú mainneachtain, ríomhfaidh díoltóir na cosanta an ceanglas cistí dílse le haghaidh priacal shonraigh ag baint leasa as rátáil an díorthaigh agus cuirfidh sé na hualuithe priacal urrúsúcháin faoi seach i bhfeidhm de réir mar is infheidhme;

2. I gcás an pháirtí a aistríonn priacal creidmheasa (ceannaitheoir na cosanta), cinntítear na suímh trí aithris a dhéanamh ar phrionsabal dhíoltóir na cosanta, cé is moite de nóta creidmheas-nasctha (nach bhfuil aon suíomh gearr san eisitheoir ag dul leis). Nuair atá an ceanglas cistí dílse le haghaidh 'ceannaitheoir na cosanta' á ríomh, úsáidfear méid barúlach na chonartha díorthach creidmheasa. D'ainneoin na chéad abairte, féadfaidh an institiúid rogha a dhéanamh an luach barúlach móide an t-athrú i margadhluach glan an díorthaigh chreidmheasa ó thráth tionscanta na trádála, arb ionann é agus athrú glan síos ó thaobh dhíoltóir na cosanta de agus a mbeadh comhartha diúltach air, a chur in ionad an luacha bharúlaigh. Má tharlaíonn sé tráth faoi leith, go bhfuil céadrogha ar cheannach i dteannta banna uaschéimnigh ann, láimhseálfar tráth den sórt sin mar aibíocht na cosanta.

▼B

3. Ní áireofar na díorthaigh chreidmheasa i gcomhréir le hAirteagal 338 (1) nó (3) ach amháin chun an ceanglas cistí dílse le haghaidh priacal shonraigh a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 338 (4).

*Airteagal 333*

**Urrúis arna ndíol faoi chomhaontú athcheannaigh nó arna n-iasachtú**

AisTreoir na n-urrús nó na gceart faoi ráthaíocht a bhaineann le teidlíocht chun urrús i gcomhaontú athcheannaigh, agus iasachtóir na n-urrús in iasachtú urrús, cuirfidh siad na hurrúis sin ar áireamh agus ceanglas cistí dílse a ríomh faoin gCaibidil seo ar choinníoll gur suímh sa leabhar trádála iad na hurrúis sin.

Roinn 2

**Ionstraimí fiachais**

*Airteagal 334*

**Glansuímh in ionstraimí fiachais**

Déanfar glansuímh a aicmiú de réir an airgeadra ina bhfuil siad ainmnithe agus ríomhfaidh siad an ceanglas cistí dílse le haghaidh priacal ghinearálta agus priacal shonraigh i ngach airgeadra aonair ar leithligh.

Foroinn 1

**Priacal sonrach**

*Airteagal 335*

**Uasteorainn ar an gceanglas cistí dílse le haghaidh glansuímh**

Féadfaidh an institiúid uasteorainn a chur ar an gceanglas cistí dílse le haghaidh priacal sonrach an ghlansuímh in ionstraim fiachais ar uasleibhéal féideartha an chaillteanais a bhaineann le priacal mainneachtana. I gcás suímh ghearr, is féidir an teorainn sin a ríomh mar athrú i luach toisc gur tháinig an ionstraim nó, i gcás inarb iomchuí sin, na hainmneacha foluiteach chun bheith saor ó priacal mainneachtana láithreach.

*Airteagal 336*

**Ceanglas cistí dílse le haghaidh ionstraimí fiachais nach ionstraimí urrúsúcháin iad**

1. Déanfaidh an institiúid a glansuímh sa leabhar trádála in ionstraimí nach suímh urrúsúcháin iad arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 327 a shannadh do na catagóirí iomchuí i dTábla 1 ar bhonn a n-eisitheora nó a n-oibleagáideora, ar bhonn a measúnaithe creidmheasa inmheánaigh nó sheachtraigh, agus ar bhonn a n-aibíochta iarmhair, agus ansin déanfaidh sí iad a iolrú faoi na hualuithe a thaispeántar sa tábla sin. Suimeoidh sí a suímh ualaithe a thig ó chur i bhfeidhm an Airteagail seo, is cuma más suímh fhada nó suímh ghearra iad, d'fhonn a ceanglas cistí dílse le haghaidh priacal shonraigh a ríomh.

▼B

*Tábla 1*

| Catagóirí | ceanglas cistí dílse le haghaidh priacal shonraigh |
|---|---|
| Urrúis fiachais a gheobhadh ualú priacal 0 % faoin gCur chuige Caighdeánaithe maidir le priacal creidmheasa | 0 % |
| Urrúis fiachais a gheobhadh ualú priacal 20 % nó 50 % faoin gCur chuige Caighdeánaithe maidir le priacal creidmheasa agus ítimí cáilitheacha eile arna sainiú i mír 4. | 0,25 % (tréimhse iarmharach sé mhí nó níos lú go dtí aibíocht deiridh)<br>1.00 % (tréimhse iarmharach níos mó ná sé mhí agus suas go dtí 24 mí, agus é sin san áireamh, go dtí aibíocht deiridh)<br>1,60 % (téarma iarmharach níos mó ná 24 mí go dtí aibíocht) |
| Urrúis fiachais a gheobhadh ualú priacal 100 % faoin gCur chuige Caighdeánaithe maidir le priacal creidmheasa | 8,00 % |
| Urrúis fiachais a gheobhadh ualú priacal 150 % faoin gCur chuige Caighdeánaithe maidir le priacal creidmheasa | 12,00 % |

2. I gcás institiúidí a chuireann an Cur chuige IBR i bhfeidhm maidir le haicme sin na risíochta a bhfuil eisitheoir na hionstraime ina chuid de, d'fhonn cáiliú chun ualú priacal a fháil faoin gcur chuige caighdeánaithe maidir le priacal creidmheasa dá dtagraítear i mír 1, beidh rátáil inmheánach ag eisitheoir na risíochta ag a mbeidh PD a bheidh coibhéiseach leis an PD nó níos ísle ná an PD a bhaineann leis an gcéim iomchuí den cháilíocht chreidmheasa faoin gCur chuige Caighdeánaithe.

3. Féadfaidh institiúidí na ceanglais priacal shonraigh a bhaineann le haon bhannaí a cháilíonn d'ualú priacal 10 % i gcomhréir leis an láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 129(4), (5) agus (6) a ríomh mar leath den cheanglas cistí dílse le haghaidh priacal shonraigh is infheidhme don dara catagóir i dTábla 1.

4. I measc na n-ítimí cáilitheacha eile tá:

(a) suímh fhada agus ghearra i sócmhainní nach bhfuil measúnú creidmheasa ó IMCS ainmnithe ar fáil ina leith, agus a chomhlíonann gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(i) measann an institiúid lena mbaineann go bhfuil siad sách leachtach;

(ii) tá an cháilíocht infheistíochta atá acu, de réir bhreithiúnas na hinstitiúide féin, ar a laghad coibhéiseach le cáilíocht infheistíochta na sócmhainní dá dtagraítear faoi Thábla 1 dara sraith;

(iii) tá siad liostaithe ar mhargadh rialáilte amháin ar a laghad i mBallstát nó ar stocmhalartán i dtríú tír ar choinníoll go n-aithníonn údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha an malartán;

▼B

(b) suímh fhada agus ghearra i sócmhainní arna n-eisiúint ag institiúidí faoi réir na gceanglas cistí dílse atá leagtha amach sa Rialachán seo a mheasann an institiúid lena mbaineann go bhfuil siad sách leachtach agus a bhfuil cáilíocht infheistíochta acu, de réir bhreithiúnas na hinstitiúide féin, atá coibhéiseach ar a laghad le cáilíocht infheistíochta na sócmhainní dá dtagraítear faoi Thábla 1 dara sraith;

(c) urrúis arna n-eisiúint ag institiúidí a mheastar a bheith de cháilíocht chreidmheasa atá coibhéiseach leis an gcáilíocht chreidmheasa, nó níos airde ná é, a bhaineann le céim 2 den cháilíocht chreidmheasa faoin gCur chuige Caighdeánaithe maidir le priacal creidmheasa na risíochtaí ar institiúidí agus atá faoi réir socruithe maoirseachta agus rialála atá inchomparáide leis na socruithe faoin Rialachán seo agus faoi Threoir 2013/36/AE.

Beidh modheolaíocht dhoiciméadaithe i bhfeidhm ag institiúidí a bhaineann leas as pointe (a) nó pointe (b) chun measúnú a dhéanamh féachaint an gcomhlíonann na sócmhainní na ceanglais sna pointí sin, agus cuirfidh siad an mhodheolaíocht sin in iúl do na húdaráis inniúla.

▼M5

*Airteagal 337*

**Ceanglas cistí dílse le haghaidh ionstraimí urrúsúcháin**

1. Maidir le hionstraimí sa leabhar trádála ar suíomhanna urrúsúcháin iad, déanfaidh an institiúid ualú ar na suíomhanna glana arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 327(1) le 8 % den ualú priacail a chuirfeadh an institiúid i bhfeidhm maidir leis an suíomh ina leabhar neamhthrádála i gcomhréir le Roinn 3 de Chaibidil 5 de Theideal II.

2. Agus ualuithe priacail á ríomh chun críocha mhír 1, féadfar meastacháin ar PD agus ar LGD a chinneadh bunaithe ar na meastacháin a fhaightear ó shamhail inmheánach i gcomhair priacal na mainneachtana agus na himirce incrimintí (samhail IRC). de chuid institiúide ar tugadh cead di úsáid a bhaint as samhail inmheánach le haghaidh priacail shonraigh ionstraimí fiachais. Ní fhéadfar an rogha dheiridh sin a úsáid ach amháin le cead na n-údarás inniúil, cead a thabharfar má chomhlíonann na meastacháin sin na ceanglais chainníochtúla maidir leis an gCur Chuige Bunaithe ar Rátálacha Inmheánacha a leagtar amach i gCaibidil 3 de Theideal II.

I gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, eiseoidh ÚBE treoirlínte maidir le meastacháin ar PD agus ar LGD a úsáid mar ionchuir nuair atá na meastacháin sin bunaithe ar shamhail IRC.

3. I gcás suíomhanna urrúsúcháin atá faoi réir ualú priacail breise i gcomhréir le hAirteagal 247(6), cuirfear 8 % den ualú priacail iomlán i bhfeidhm.

4. Suimeoidh an institiúid a suíomhanna ualaithe a thagann ó chur i bhfeidhm mhír 1, mhír 2 agus mhír 3, is cuma más suíomhanna fada nó suíomhanna gearra iad, d'fhonn a ceanglas cistí dílse le haghaidh priacal sonrach a ríomh, seachas i gcás suíomhanna urrúsúcháin atá faoi réir Airteagal 338(4).

5. I gcás nach gcomhlíonann institiúid tionscnóra d'urrúsú traidisiúnta na coinníollacha maidir le haistriú priacail shuntasaigh a leagtar amach in Airteagal 244, áireoidh an institiúid tionscnóra, agus an ceanglas cistí dílse á ríomh, na risíochtaí a fholuíonn an t-urrúsú amhail is nach ndearnadh na risíochtaí sin a urrúsú.

▼M5

I gcás nach gcomhlíonann institiúid tionscnóra d'urrúsú sintéiseach na coinníollacha maidir le haistriú priacail shuntasaigh a leagtar amach in Airteagal 245, áireoidh an institiúid tionscnóra, agus na ceanglais cistí dílse á ríomh, na risíochtaí a fholuíonn an t-urrúsú amhail is nach ndearnadh na risíochtaí sin a urrúsú agus déanfaidh sí neamhaird de thionchar an urrúsaithe shintéisigh chun críocha cosaint chreidmheasa.

▼B

*Airteagal 338*

**Ceanglas cistí dílse maidir leis an bpunann trádála comhgaoil**

1. Is é a bheidh sa phunann trádála chomhghaoil suímh urrúsúcháin mar aon le díorthaigh chreidmheasa don n-ú mainneachtain a chomhlíonann gach ceann de na critéir seo a leanas:

(a) ní suímh athurrúsúcháin iad, ná roghanna ar thráinse urrúsúcháin, ná aon díorthaigh eile de risíochtaí ar urrúsú nach soláthraíonn sciar pro-rata sna fáltais ó thráinse urrúsúcháin;

(b) is ceann amháin díobh seo a leanas gach ionstraim thagartha:

(i) ionstraimí aonainm, lena n-áirítear díorthaigh chreidmheasa aonainm, a bhfuil margadh dhá threo leachtach ann ina leith;

(ii) innéacsanna a thrádáiltear de ghnáth bunaithe ar na heintitis tagartha sin.

Meastar go bhfuil margadh dhá threo ann má dhéantar tairiscintí neamh-spleácha bona fide chun earraí a cheannach agus a dhíol ionas gur féidir praghas a bhaineann go réasúnach leis an bpraghas díola deireanach nó le tairiscint iomaíoch bona fide agus luachanna tairisceana reatha a chinneadh laistigh de lá amháin agus a shocrú ar an bpraghas sin laistigh de thréimhse measartha gearr ag teacht le gnás trádála.

2. Ní bheidh suímh faoina ndéantar tagairt d'aon cheann díobh seo a leanas mar chuid den phunann trádála chomhghaoil:

(a) ionstraim fholuiteach is féidir a shannadh d'aicme na risíochta 'risíochtaí miondíola' nó d'aicme na risíochtaí maidir le 'risíochtaí arna n-urrúsú le morgáistí ar mhaoin dhochorraithe' faoin gCur chuige Caighdeánaithe maidir le priacal creidmheasa i leabhar neamhthrádála na hinstitiúide;

(b) éileamh ar eintiteas sainchuspóireach, arna gcomhthaobhú, go díreach nó go hindíreach, le suíomh nach mbeadh incháilithe é féin le cur isteach sa phunann trádála comhghaoil i gcomhréir le mír 1 agus leis an mír seo.

3. Féadfaidh institiúid suímh a áireamh sa phunann trádála chomhghaoil nach suímh urrúsúcháin ná díorthaigh chreidmheasa don n-ú mainneachtain iad ach a fhálaíonn suímh eile den phunann sin, ar choinníoll go bhfuil margadh dhá threo leachtach, mar a mhínítear san fhomhír dheireanach de mhír 1 é, ann don ionstraim sin nó dá ionstraimí foluiteacha.

4. Socróidh institiúid an ceann is mó de na méideanna seo a leanas mar cheanglas cistí dílse le haghaidh priacal shonraigh i gcás na punainne trádála comhghaoil:

▼B

(a) an ceanglas cistí dílse iomlán le haghaidh priacal shonraigh a mbeadh feidhm aige maidir le glansuímh fhada na punainne trádála comhghaoil agus leo sin amháin;

(b) an ceanglas cistí dílse iomlán le haghaidh priacal shonraigh a mbeadh feidhm aige maidir le glansuímh ghearra na punainne trádála comhghaoil agus leo sin amháin.

Foroinn 2

**Priacal ginearálta**

*Airteagal 339*

**Priacal ginearálta a ríomh bunaithe ar aibíocht**

1. D'fhonn ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal ghinearálta a ríomh, déanfar gach suíomh a ualú de réir aibíochta mar a mhínítear i mír 2 chun méid na gceanglas cistí dílse a cheanglaítear ina n-aghaidh a ríomh. Déanfar an ceanglas seo a laghdú nuair a shealbhaítear suíomh ualaithe taobh le suíomh ualaithe urchomhaireach atá laistigh den bhanda aibíochta céanna. Déanfar laghdú ar an gceanglas freisin nuair atá na suímh ualaithe urchomhaireacha i mbandaí aibíochta éagsúla, agus braithfidh méid an laghdaithe sin ar cibé atá nó nach bhfuil an dá shuíomh laistigh den chrios céanna, agus ar na criosanna áirithe ina bhfuil siad.

2. Déanfaidh an institiúid a glansuímh a shannadh do na bandaí aibíochta iomchuí i gcolún 2 nó i gcolún 3, de réir mar is iomchuí, i dTábla 2 i mír 4. Déanfaidh sí é sin ar bhonn na haibíochta iarmhair i gcás ionstraimí ráta sheasta agus ar bhonn na tréimhse go dtí go socrófar an chéad ráta úis eile i gcás na n-ionstraimí sin ar a bhfuil ráta athraitheach úis roimh an aibíocht deiridh. Déanfaidh sí idirdhealú freisin idir ionstraimí fiachais a bhfuil cúpón 3 % nó níos mó acu agus na cinn sin a bhfuil cúpón níos lú ná 3 % acu agus déanfaidh sí iad a leithdháileadh ar an dóigh sin ar cholún 2 nó ar cholún 3 i dTábla 2. Déanfaidh sí gach aon cheann díobh a iolrú faoin ualú i gcomhair an bhanda aibíochta atá i gceist i gcolún 4 i dTábla 2.

3. Ina dhiaidh sin, ríomhfaidh an institiúid suim na suíomh fada ualaithe agus suim na suíomh gearr ualaithe i ngach aon bhanda aibíochta. Beidh suim na suíomh fada atá comhoiriúnaithe leis na suímh ghearra i mbanda aibíochta áirithe cothrom leis an suíomh ualaithe comhoiriúnaithe sa bhanda sin, agus beidh an suíomh iarmharach fada nó gearr cothrom leis an suíomh ualaithe gan chomhoiriúnú don bhanda céanna. Ríomhfar iomlán na suímh ualaithe chomhoiriúnaithe i ngach banda ansin.

4. Ríomhfaidh an institiúid iomláin na suíomh fada ualaithe gan chomhoiriúnú i gcomhair na mbandaí atá ar áireamh i ngach aon cheann de na criosanna i dTábla 2 d'fhonn an suíomh fada ualaithe gan chomhoiriúnú a fháil i gcomhair gach creasa. Ar an gcaoi chéanna, déanfar suim na suíomh gearr ualaithe gan chomhoiriúnú i gcomhair gach aon bhanda i gcrios áirithe a shuimiú chun an suíomh gearr ualaithe gan chomhoiriúnú a ríomh le haghaidh an chreasa sin. Beidh an chuid sin den suíomh fada ualaithe gan chomhoiriúnú do

▼B

chrios áirithe atá comhoiriúnaithe leis an suíomh gearr ualaithe gan chomhoiriúnú le haghaidh an chreasa chéanna cothrom leis an suíomh ualaithe comhoiriúnaithe le haghaidh an chreasa sin. Beidh an chuid sin den suíomh fada ualaithe gan chomhoiriúnú nó den suíomh gearr ualaithe gan chomhoiriúnú i gcomhair creasa nach féidir a chomhoiriúnú amhlaidh cothrom leis an suíomh ualaithe gan chomhoiriúnú i comhair an chreasa sin.

*Tábla 2*

| Crios | Banda aibíochta | | Ualú (%) | Athruithe toimhdithe ar rátaí úis (%) |
|---|---|---|---|---|
| | Cúpón 3 % nó níos mó | Cúpón 3 % nó níos lú | | |
| Uimhir a haon | 0 ≤ 1 mhí | 0 ≤ 1 mhí | 0,00 | — |
| | 1 ≤ 3 mhí | 1 ≤ 3 mhí | 0,20 | 1,00 |
| | 3 ≤ 6 mhí | 3 ≤ 6 mhí | 0,40 | 1,00 |
| | 6 ≤ 12 mhí | 6 ≤ 12 mhí | 0,70 | 1,00 |
| Uimhir a dó | > 1 ≤ 2 bliana | > 1.0 ≤ 1.9 bliana | 1,25 | 0,90 |
| | > 2 ≤ 3 bliana | > 1.9 ≤ 2.8 bliana | 1,75 | 0,80 |
| | > 3 ≤ 4 bliana | > 2.8 ≤ 3.6 bliana | 2,25 | 0,75 |
| Uimhir a trí: | > 4 ≤ 5 bliana | > 3.6 ≤ 4.3 bliana | 2,75 | 0,75 |
| | > 5 ≤ 7 bliana | > 4.3 ≤ 5.7 bliana | 3,25 | 0,70 |
| | > 7 ≤ 10 bliana | > 5.7 ≤ 7.3 bliana | 3,75 | 0,65 |
| | > 10 ≤ 15 bliana | > 7.3 ≤ 9.3 bliana | 4,50 | 0,60 |
| | > 15 ≤ 20 bliana | > 9.3 ≤ 10.6 bliana | 5,25 | 0,60 |
| | > 20 bliana | > 10,6 ≤ 12,0 bliana | 6,00 | 0,60 |
| | | > 12.0 ≤ 20,0 bliana | 8,00 | 0,60 |
| | | > 20 bliana | 12,50 | 0,60 |

5. Beidh méid an tsuímh fhada nó an tsuímh ghearr ualaithe gan chomhoiriúnú i gcrios a haon atá comhoiriúnaithe leis an suíomh gearr nó fada ualaithe gan chomhoiriúnú i gcrios a dó cothrom leis an suíomh ualaithe comhoiriúnaithe idir crios a haon agus crios a dó. Déanfar an ríomh céanna ansin maidir leis an gcuid sin den suíomh ualaithe gan chomhoiriúnú i gcrios a dó atá fágtha agus an suíomh ualaithe gan chomhoiriúnú i gcrios a trí d'fhonn an suíomh ualaithe comhoiriúnaithe idir crios a dó agus crios a trí a ríomh.

6. Féadfaidh an institiúid an t-ord atá i mír 5 a chasadh droim ar ais chun an suíomh ualaithe comhoiriúnaithe idir crios a dó agus crios a trí a ríomh sula ríomhann sí an suíomh idir crios a haon agus crios a dó.

7. Déanfar fuílleach an tsuímh ualaithe gan chomhoiriúnú i gcrios a haon a chomhoiriúnú leis an bhfuílleach den suíomh sin i gcrios a trí tar éis dó a bheith comhoiriúnaithe le crios a dó, d'fhonn an suíomh ualaithe comhoiriúnaithe idir crios a haon agus crios a trí a fháil.

8. Déanfar na suímh iarmharacha a bheidh fágtha i ndiaidh na dtrí ríomh comhoiriúnaithe faoi leith i mír 5, mír 6 agus mír 7 a shuimiú.

9. Déanfar ceanglas cistí dílse na hinstitiúide a ríomh mar shuim:

(a) 10 % de shuim na suíomh ualaithe comhoiriúnaithe i ngach banda aibíochta;

▼B

(b) 40 % den suíomh ualaithe comhoiriúnaithe i gcrios a haon;

(c) 30 % den suíomh ualaithe comhoiriúnaithe i gcrios a dó;

(d) 30 % den suíomh ualaithe comhoiriúnaithe i gcrios a trí;

(e) 40 % den suíomh ualaithe comhoiriúnaithe idir criosanna a haon agus a dó agus idir criosanna a dó agus a trí;

(f) 150 % den suíomh ualaithe comhoiriúnaithe idir criosanna a haon agus a trí;

(g) 100 % de na suímh ualaithe iarmharacha gan chomhoiriúnú.

*Airteagal 340*

**Priacal ginearálta a ríomh bunaithe ar fhad tréimhse**

1. Féadfaidh institiúidí leas a bhaint as cur chuige a léiríonn fad tréimhse chun ceanglas cistí dílse le haghaidh priacal ghinearálta ar ionstraimí fiachais a ríomh, in ionad an chur chuige atá leagtha amach in Airteagal 339, ar choinníoll go ndéanann an institiúid amhlaidh ar bhonn comhsheasmhach.

2. Faoin gcur chuige bunaithe ar fhad tréimhse dá dtagraítear i mír 1, tógfaidh an institiúid margadhluach gach ionstraime fiachais ar ráta seasta agus ríomhfaidh sí a thoradh go dtí aibíocht dá bhrí sin, arb ionann é agus an ráta lascaine intuigthe don ionstraim sin. I gcás ionstraimí ráta chomhlúthaigh, tógfaidh an institiúid margadhluach gach ionstraime agus ríomhfaidh sí a toradh, dá bhrí sin, ar an toimhde go mbeidh an phríomhshuim dlite nuair a bheifear in ann an ráta úis a athrú an chéad uair eile.

3. Ina dhiaidh sin, ríomhfaidh an institiúid fad tréimhse leasaithe gach ionstraime fiachais ar bhonn na foirmle seo a leanas: sa mhéid gurb iad seo a leanas na noda:

$$\textit{fad tréimhse leasaithe} = \frac{D}{1 + \mathrm{R}}$$

nuair atá:

D = fad tréimhse arna ríomh de réir na foirmle seo a leanas:

$$D = \frac{\sum_{t=1}^{M} \frac{t \cdot C_t}{(1+R)^t}}{\sum_{t=1}^{M} \frac{C_t}{(1+R)^t}}$$

nuair atá:

R = toradh go dtí aibíocht;

Ct = íocaíocht airgid i rith ama t;

M = aibíocht iomlán

Ceartófar ríomh na tréimhse leasaithe i gcás ionstraimí fiachais atá faoi réir priacal réamhíocaíochta. Eiseoidh ÚBE treoirlínte, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, maidir leis an tslí ina gcuirtear ceartúcháin den chineál sin i bhfeidhm.

▼B

4. Leithdháilfidh an institiúid gach ionstraim fiachais ar an gcrios iomchuí i dTábla 3. Déanfaidh sé é sin ar bhonn fhad tréimhse leasaithe gach ionstraime.

*Tábla 3*

| Crios | Marthanacht leasaithe (blianta) | Ús toimhdithe (athrú de réir %) |
|---|---|---|
| Uimhir a haon | > 0 ≤ 1,0 | 1,0 |
| Uimhir a dó | > 1,0 ≤ 3,6 | 0,85 |
| Uimhir a trí: | > 3,6 | 0,7 |

5. Ríomhfaidh an institiúid an suíomh ualaithe ó thaobh faid tréimhse i gcás gach ionstraime trína praghas margaidh a iolrú faoina fad tréimhse leasaithe agus faoi athrú toimhdithe an ráta úis i gcás ionstraime a bhfuil an fad tréimhse leasaithe áirithe sin aici (féach colún 3 i dTábla 3).

6. Ríomhfaidh an institiúid a suíomh fhada ualaithe ó thaobh faid tréimhse agus a suímh ghearra ualaithe ó thaobh faid tréimhse laistigh de gach aon chrios. Beidh suim na suíomh fada atá comhoiriúnaithe leis na suímh ghearra i ngach aon chrios cothrom leis an suíomh comhoiriúnaithe ualaithe ó thaobh faid tréimhse don chrios sin.

Ríomhfaidh an institiúid na suímh gan chomhoiriúnú atá ualaithe ó thaobh faid tréimhse do gach aon chrios. Ansin leanfaidh sí na nósanna imeachta maidir le suímh ualaithe gan chomhoiriúnú atá leagtha síos in Airteagal 339(5) go (8).

7. Ríomhfar ceanglas cistí dílse na hinstitiúide mar shuim na méideanna seo a leanas:

(a) 2 % den suíomh comhoiriúnaithe ualaithe ó thaobh faid tréimhse do gach aon chrios;

(b) 40 % de na suímh chomhoiriúnaithe ualaithe ó thaobh faid tréimhse idir criosanna a haon agus a dó agus idir criosanna a dó agus a trí;

(c) 150 % den suíomh comhoiriúnaithe ualaithe ó thaobh faid tréimhse idir criosanna a haon agus a trí;

(d) 100 % de na suímh iarmharacha gan chomhoiriúnú, ualaithe ó thaobh faid tréimhse.

## Roinn 3

## Cothromais

*Airteagal 341*

### Glansuímh in ionstraimí fiachais

1. Déanfaidh an institiúid suim a glansuíomh fada agus suim a glansuíomh gearr a ríomh ar leithligh i gcomhréir le hAirteagal 327 Beidh suim luachanna absalóideacha an dá fhigiúr cothrom lena suíomh comhlán foriomlán.

▼B

2. Déanfaidh an institiúid an difríocht idir suim na nglansuíomh fada agus suim na nglansuíomh gearr a ríomh ar leithligh, i gcás gach margaidh. Beidh suim luachanna absalóideacha na ndifríochtaí sin cothrom lena glansuíomh foriomlán.

3. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun an téarma margaidh dá dtagraítear i mír 2 a shainiú.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Eanáir 2014.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 342*

**Priacal sonrach ionstraimí cothromais**

Déanfaidh an institiúid a suíomh comhlán foriomlán a iolrú faoi 8 % d'fhonn a ceanglas cistí dílse le haghaidh priacal shonraigh a ríomh.

*Airteagal 343*

**Priacal ginearálta ionstraimí cothromais**

Beidh an ceanglas cistí dílse le haghaidh priacal ghinearálta cothrom le glansuíomh foriomlán na hinstitiúide arna iolrú faoi 8 %.

*Airteagal 344*

**Innéacsanna stoic**

1. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ina liostaítear na hinnéacsanna stoic a mbeidh na láimhseálacha a leagtar amach sa dara abairt de mhír 4 ar fáil dóibh.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Eanáir 2014.

Tugtar cumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

►C2 2. Roimh theacht i bhfeidhm na gcaighdeán teicniúil dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh institiúidí leanúint den láimhseáil atá leagtha amach sa dara habairt de mhír 4 a chur i bhfeidhm, i gcás ◄ ina mbeidh an láimhseáil sin curtha i bhfeidhm ag na húdaráis inniúla roimh an 1 Eanáir 2014.

3. Féadfar todhchaíochtaí innéacsanna stoic arb ionann iad agus coibhéisí ualaithe ó thaobh deilte i leith na roghanna i dtodhchaíochtaí innéacsanna stoic agus in innéacsanna stoic, dá ngairtear 'todhchaíochtaí innéacsanna stoic' i dteannta a chéile anseo feasta, a mhiondealú ina suímh i ngach aon cheann dá gcothromais bhunaithe. Féadfar na suímh sin a láimhseáil mar shuímh foluiteacha sa chothromas atá i gceist, agus féadfar iad a ghlanluacháil i gcoinne suímh urchomhaireacha sa chothromas fholuiteach féin. Tabharfaidh institiúidí fógra don údarás inniúil faoin leas a bhaineann siad as an láimhseáil sin.

▼B

4. Sa chás nach miondealaítear todhchaíocht innéacsanna stoic ina suímh fholuiteacha, láimhseálfar í amhail is dá mba chothromas aonair í. Mar sin féin, is féidir neamhaird a dhéanamh den priacal sonrach ar an gcothromas aonair sin más rud é go bhfuil an todhchaíocht innéacsanna stoic atá i gceist á trádáil ar an stocmhalartán agus más innéacs ábhartha atá éagsúlaithe go hiomchuí í.

## Roinn 4

## Frithghealladh

### *Airteagal 345*

### Glansuímh a laghdú

1. I gcás ina bhfrithghealltar fiachas agus ionstraimí cothromais, féadfaidh institiúid leas a bhaint as an nós imeachta seo a leanas chun a ceanglais cistí dílse a ríomh. Ríomhfaidh an institiúid a glansuímh ar dtús trí na suímh fhrithghealllta atá suibscríofa nó fo-fhrithghealllta ag tríú páirtithe ar bonn comhaontuithe foirmiúla a asbhaint. Laghdóidh an institiúid na glansuímh ansin de réir na bhfachtóirí laghdaithe i dTábla 4 agus ríomhfaidh sí a ceanglais cistí dílse ag úsáid na suímh fhrithghealllta laghdaithe.

*Tábla 4*

| | |
|---|---|
| lá oibre 0: | 100 % |
| lá oibre 1: | 90 % |
| laethanta oibre 2 go 3: | 75 % |
| lá oibre 4: | 50 % |
| lá oibre 5: | 25 % |
| i ndiaidh lá oibre 5: | 0 %. |

Is éard a bheidh i 'lá oibre a náid' an lá oibre ar a dtabharfaidh an institiúid gealltanas gan choinníoll glacadh le líon áirithe urrús ar phraghas comhaontaithe.

2. Cuirfidh na hinstitiúidí an leas a bhaineann siad as mír 1 in iúl do na húdaráis inniúla.

## Roinn 5

## Ceanglais cistí dílse priacal shonraigh le haghaidh suímh atá fálaithe ag díorthaigh chreidmheasa

### *Airteagal 346*

### Lamháltas le haghaidh fálú ag díorthaigh chreidmheasa

1. Tabharfar lamháltas le haghaidh fálú a chuireann díorthaigh chreidmheasa ar fáil, i gcomhréir leis na prionsabail atá leagtha amach i míreanna 2 go 6.

2. Láimhseálfaidh institiúidí an suíomh sa díorthach creidmheasa mar 'chéim' amháin agus an suíomh fálaithe a bhfuil an méid ainmniúil céanna, nó nuair is infheidhme, an méid barúlach céanna, aige mar an 'chéim' eile.

▼B

3. Tabharfar lamháltas iomlán nuair a ghluaiseann luachanna an dá chéim ar malairt treonna agus má ghluaiseann siad an méid céanna i gcónaí tríd is tríd. Beidh an scéal amhlaidh sna cásanna seo a leanas:

(a) ionstraimí atá comhionann le chéile go hiomlán atá sa dá chéim;

(b) tá suíomh fada airgid fálaithe ag babhtáil ráta toraidh iomlán (nó vice versa) agus tá an oibleagáid tagartha comhoiriúnaithe go cruinn leis an risíocht fholuitheach (i.e. an suíomh airgid). D'fhéadfadh aibíocht na babhtála féin a bheith éagsúil ó aibíocht na risíochta foluiteach.

Sna cásanna sin, ní chuirfear ceanglas cistí dílse le haghaidh priacal shonraigh i bhfeidhm maidir le ceachtar taobh den suíomh.

4. Cuirfear fritháireamh 80 % i bhfeidhm nuair a ghluaiseann luachanna an dá chéim i malairt treonna agus nuair atá comhoiriúnú cruinn ann ó thaobh na hoibleagáide tagartha, ó thaobh aibíocht na hoibleagáide tagartha agus an díorthaigh chreidmheasa araon, agus ó thaobh airgeadra na risíochta foluiteach. Ina theannta sin, ní chuirfidh gnéithe tábhachtacha den chonradh díorthach creidmheasa faoi deara go mbeidh gluaiseacht praghsanna an díorthaigh chreidmheasa ag diall go hábhartha ó ghluaiseachtaí praghsanna an tsuímh airgid. A mhéid a ndéanann an t-idirbheart priacal a aistriú, cuirfear fritháireamh 80 % i bhfeidhm maidir le taobh an idirbhirt a bhfuil ceanglas cistí dílse níos airde aige, agus beidh na ceanglais priacal shonraigh ar an taobh eile cothrom le nialas.

5. Tabharfar lamháltas páirteach, sna cásanna seo a leanas, in éagmais na gcásanna i mír 3 agus mír 4:

(a) tagann an suíomh faoi mhír 3(b) ach tá neamhréir sócmhainní ann idir an oibleagáid tagartha agus an risíocht fholuiteach. Mar sin féin, comhlíonann na suímh na ceanglais seo a leanas:

   (i) tá an oibleagáid tagartha ar chomhchéim nó ar chéim níos sóisearaí ná an noibleagáid foluiteach;

   (ii) tá an t-oibleagáideoir céanna ag an oibleagáid foluiteach agus ag an oibleagáid tagartha agus tá clásail um thrasmhain-neachtain nó clásail um thras-luathú iontu atá infheidhme le dlí;

(b) tagann an suíomh faoi mhír 3(a) nó faoi mhír 4 ach tá neamhréir airgeadra nó aisioncronacht aibíochta ann idir an chosaint chreidmheasa agus an sócmhainn fholuiteach. Áireofar neamhréir airgeadra den chineál sin sa cheanglas cistí dílse le haghaidh priacal malairte eachtraí;

(c) tagann an suíomh faoi mhír 4 ach tá neamhréir sócmhainní ann idir an suíomh airgid agus an díorthach creidmheasa. Mar sin féin, tá an sócmhainn fholuiteach ar áireamh sna hoibleagáidí (inseachadta) i ndoiciméadacht an díorthaigh chreidmheasa.

D'fhonn lamháltas páirteach a thabhairt, seachas na ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal shonraigh a chur le gach taobh den idirbheart, ní bheidh feidhm ach ag an gceann is airde den dá cheanglas cistí dílse.

▼B

6. I ngach cás nach dtagann faoi mhíreanna 3 go 5, déanfar ceanglas cistí dílse le haghaidh priacal shonraigh a ríomh ar leithligh don dá thaobh de na suímh.

*Airteagal 347*

**Lamháltas le haghaidh fálú ag díorthaigh chreidmheasa don chéad mhainneachtain agus don n-ú mainneachtain**

I gcás na ndíorthach creidmheasa don chéad mhainneachtain agus na ndíorthach creidmheasa don n-ú mainneachtain, beidh feidhm ag an láimhseáil seo a leanas maidir leis an lamháltas a bheidh le tabhairt i gcomhréir le hAirteagal 346:

(a) i gcás ina bhfaigheann institiúid cosaint chreidmheasa i gcomhair roinnt eintiteas tagartha fholuiteach díorthach creidmheasa faoi théarmaí lena sanntar go ndéanfar íocaíocht a luaithe is a tharlaíonn an chéad mhainneachtain agus go gcuirfidh an teagmhas creidmheasa sin deireadh leis an gconradh, féadfaidh an institiúid fritháireamh a dhéanamh ar priacal sonrach an eintitis tagartha sin lena bhfuil feidhm ag an muirear céatadáin is ísle um priacal sonrach i measc na n-eintiteas tagartha foluiteach i gcomhréir le Tábla 1 in Airteagal 336;

(b) i gcás ina spreagfar íocaíocht maidir le cosaint chreidmheasa a luaithe a tharlaíonn an n-ú mainneachtain sna risíochtaí, ní fhéadfaidh ceannaitheoir na cosanta an priacal sonrach sin a fhritháireamh ach amháin más rud é go bhfuil cosaint faighte chomh maith i gcomhair mainneachtainí 1 go n-1 nó má tá n-1 mainneachtain tarlaithe cheana féin. I gcásanna den sórt sin, leanfar den mhodheolaíocht a leagtar amach i bpointe (a) maidir le díorthaigh chreidmheasa don chéad mhainneachtain arna leasú mar is iomchuí i gcomhair táirgí don n-ú mainneachtain.

Roinn 6

**Ceanglais cistí dílse le haghaidh gcanna**

*Airteagal 348*

**Ceanglais cistí dílse le haghaidh GCanna**

1. Gan dochar d'fhorálacha eile sa Roinn seo, beidh suímh in GCanna faoi réir ceanglas cistí dílse le haghaidh priacal an tsuímh, arb éard a bheidh ann priacal sonrach agus priacal ginearálta, arb ionann é agus 32 %. Gan dochar d'Airteagal 353 a ghlactar in éineacht leis an modh leasaithe le hór a láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 352(4)agus in Airteagal 367(2)(b), beidh suímh in GCanna faoi réir ceanglas cistí dílse le haghaidh priacal an tsuímh, arb éard a bheidh ann priacal sonrach agus priacal ginearálta, agus priacal malairte eachtraí 40 %.;

2. Mura dtugtar a mhalairt le fios in Airteagal 350, ní cheadaítear aon ghlanluacháil idir infheistíochtaí foluiteacha GC agus suímh eile i seilbh na hinstitiúide.

▼B

*Airteagal 349*

**Critéir ghinearálta maidir le GCanna**

Beidh GCanna incháilithe don chur chuige atá leagtha amach in Airteagal 350, i gcás ina mbeidh na coinníollacha seo a leanas go léir comhlíonta:

(a) beidh siad seo a leanas go léir le fáil i réamheolaire an GC nó i ndoiciméad coibhéiseach:

(i) catagóirí na sócmhainní a bhfuil an GC údaraithe infheistíocht a dhéanamh iontu;

(ii) na teorainneacha coibhneasta agus na modheolaíochtaí chun iad a ríomh, más rud é go bhfuil feidhm ag teorainneacha infheistíochta;

(iii) i gcás ina gceadaítear luamhánú, an t-uasleibhéal luamhánaithe;

(iv) i gcás ina gceadaítear idirbhearta díorthach creidmheasa thar an gcuntar nó idirbhearta athcheannaigh, nó iasachtú nó iasachtaíocht urrús a thabhairt i gcrích, beartas chun teorainn a chur le priacal contrapháirtí a eascraíonn as na hidirbhearta sin;

(b) déanfar gnó an GC a thuairisciú i dtuarascálacha leathbhliantúla agus bliantúla chun go bhféadfar measúnú a dhéanamh ar na sócmhainní agus ar na dliteanais, ar ioncam agus ar oibríochtaí thar an tréimhse tuairiscithe;

(c) is féidir scaireanna nó aonaid an GC a fhuascailt in airgead tirim, as sócmhainní an ghnóthais, ar bhonn laethúil arna iarraidh sin ag sealbhóir an aonaid;

(d) coinneofar infheistíochtaí sa GC scartha ó shócmhainní bhainisteoir an GC;

(e) déanfaidh an institiúid infheistíochta measúnú priacal sásúil ar an GC;

(f) daoine a ndéanfar maoirseacht i gcomhréir le Treoir 2009/65/CE nó i gcomhréir le reachtaíocht choibhéiseach orthu a bheidh ina mbainisteoirí ar GCanna.

*Airteagal 350*

**Modhanna sonracha i gcomhair GCanna**

1. I gcás ina bhfuil an institiúid ar an eolas faoi infheistíochtaí foluiteacha an GC ar bhonn laethúil, féadfaidh an institiúid trébhreathnú a dhéanamh ar na hinfheistíochtaí foluiteacha sin d'fhonn ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal an tsuímh a ríomh, arb éard a bheidh ann priacal sonrach agus priacal ginearálta. Faoi chur chuige den chineál sin, láimhseálfar suímh in GCanna mar shuímh in infheistíochtaí foluiteacha an GC. Ceadófar glanluacháil idir suímh in infheistíochtaí bunúsacha an GC agus suímh eile i seilbh na hinstitiúide, ar an gcoinníoll go sealbhaíonn an institiúid méid leordhóthanach scaireanna nó aonad chun go mbeifear in ann iad a fhuascailt nó a chruthú mar mhalairt ar na hinfheistíochtaí foluiteacha.

▼B

2. Féadfaidh institiúidí na ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal an tsuímh a ríomh, arb éard a bheidh ann priacal sonrach agus priacal ginearálta, le haghaidh suíomh in GCanna trí ghlacadh leis go bhfuil suímh ann arb ionann iad agus na suímh sin atá riachtanach chun aithris a dhéanamh ar chomhdhéanamh agus ar fheidhmíocht an innéacs atá ginte go seachtrach nó an bhascaeid sheasta de chothromas nó d'urrús fiachais dá dtagraítear i bpointe (a) thíos, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) is é cuspóir do shainordú an GC aithris a dhéanamh ar chomhdhéanamh agus ar fheidhmíocht innéacs atá ginte go seachtrach nó bascaeid sheasta de chothromas nó d'urrúis fiachais;

(b) is féidir a léiriú go soiléir thar thréimhse sé mhí ar a laghad go bhfuil comhéifeacht chomhghaoil íosta 0.9 idir an toradh laethúil ar an GC agus an t-innéacs nó an bascaed de chothromas nó d'urrúis fiachais a rianaíonn sé.

3. I gcás nach bhfuil an institiúid ar an eolas faoi infheistíochtaí foluiteacha an GC ar bhonn laethúil, féadfaidh an institiúid na ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal an tsuímh a ríomh, arb éard a bheidh ann, priacal sonrach agus priacal ginearálta, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) glacfar leis go n-infheistíonn an GC ar dtús go dtí an t-uasmhéid a cheadaítear faoina shainordú sna haicmí sócmhainní sin a bhfuil an ceanglas cistí dílse is airde ag baint leo i leith priacal shonraigh agus priacal ghinearálta ar leithligh, agus ansin go leanann sé ar aghaidh ag infheistiú in ord íslitheach go dtí go mbainfear an teorainn uasta amach maidir le hinfheistíocht iomlán. Is mar shealúchas díreach sa suíomh a glacadh a láimhseálfar an suíomh sa GC;

(b) cuirfidh institiúidí san áireamh an risíocht indíreach is airde a d'fhéadfaidís a bhaint amach trí shuímh luamhánaithe a ghlacadh tríd an GC nuair atá a gceanglas cistí dílse le haghaidh priacal shonraigh agus priacal ghinearálta á ríomh ar leithligh acu, tríd an suíomh sa GC a mhéadú go comhréireach suas go dtí an risíocht uasta ar na hítimí infheistíochta foluiteacha a thig ón sainordú;

(c) má sháraíonn an ceanglas cistí dílse le haghaidh priacal shonraigh agus priacal ghinearálta i dteannta a chéile i gcomhréir leis an mír seo an méid sin atá leagtha amach in Airteagal 348(1) cuirfear uasteorainn leis an gceanglas cistí dílse ar an leibhéal sin.

4. Féadfaidh institiúidí dul i muinín na dtríú páirtithe seo a leanas chun ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal an tsuímh i gcás suíomh in GCanna a thagann faoi réim mhír 1 go mír 4 a ríomh agus a thuairisciú, i gcomhréir leis na modhanna atá leagtha amach sa Chaibidil seo:

(a) taisclann an GC ar choinníoll go n-infheistíonn an GC in urrúis amháin agus go gcuireann sé gach urrús i dtaisce sa taisclann seo;

(b) i gcás GCanna eile, cuideachta bhainistíochta an GC, ar choinníoll go gcomhlíonann cuideachta bhainistíochta an GC na critéir a leagtar amach in Airteagal 132(3)(a).

▼B

Deimhneoidh iniúchóir seachtrach go bhfuil an ríomh cruinn.

*CAIBIDIL 3*

***Ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal malairte eachtraí***

*Airteagal 351*

**De minimis agus ualú maidir le priacal malairte eachtraí**

Más mó ná 2 % d'iomlán a cistí dílse suim ghlansuíomh foriomlán na hinstitiúide in airgeadra eachtrach agus ghlansuíomh óir na hinstitiúide, arna ríomh i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha amach in Airteagal 352, lena n-áirítear aon suímh in airgeadra eachtrach nó suímh óir a ríomhtar ceanglais cistí dílse ina leith ag úsáid samhail inmheánach, ríomhfaidh an institiúid ceanglas cistí dílse le haghaidh priacal malairte eachtraí. Beidh an ceanglas cistí dílse le haghaidh priacal malairte eachtraí cothrom le suim a glansuímh fhoriomláin in airgeadra eachtrach agus a glansuímh óir san airgeadra tuairiscithe, arna iolrú faoi 8 %.

*Airteagal 352*

**An glansuíomh foriomlán in airgeadra eachtrach a ríomh**

1. Ríomhfar glansuíomh oscailte na hinstitiúide i ngach airgeadra (lena n-áirítear an t-airgeadra tuairiscithe) agus in ór mar shuim na n-eilimintí a leanas (deimhneach nó diúltach):

(a) an spotsuíomh glan (i.e. gach ítim shócmhainne lúide gach ítim dhliteanais, lena n-áirítear ús fabhraithe, san airgeadra atá i gceist nó, maidir le hór, an spotsuíomh glan in ór);

(b) an réamhshuíomh glan, is é sin na méideanna uile lena bhfáil lúide na méideanna uile lena n-íoc faoi idirbhearta réamh-mhalairte agus óir, lena n-áirítear todhchaíochtaí airgeadra agus óir agus an phríomhshuim ar bhabhtálacha sealadacha airgeadraí nach n-áirítear sa spotsuíomh;

(c) ráthaíochtaí neamh-inchúlghairthe agus ionstraimí dá samhail ar deimhin go nglaofar iad agus ar dóigh dóibh a bheith do-aisghabhála;

(d) coibhéis an deilte ghlan, nó coibhéis bunaithe ar dheilte, na roghanna malairte eachtraí agus óir iomlána de réir na leabhar;

(e) margadhluach na roghanna eile.

Is í an deilte a úsáidfear chun críocha phointe (d) deilte na malairte lena mbaineann. Le haghaidh roghanna thar an gcuntar, nó i gcás nach bhfuil fáil ar deilte ón mhalairt lena mbaineann, d'fhéadfadh an institiúid í féin an deilte a ríomh agus samhail chuí á húsáid, faoi riar cead a fháil ó na húdaráis inniúla. Tabharfar cead má mheastar ráta athraithe luach na rogha nó luach an bharántais go hiomchuí leis an tsamhail i leith athruithe beaga i bpraghas margaidh na ionstraime foluiteach.

▼B

Féadfaidh an institiúid ioncam/caiteachais todhchaí nár fabhraíodh fós ach atá fálaithe go hiomlán cheana a chur san áireamh má dhéanann sé é go comhsheasmhach.

Féadfaidh an institiúid glansuímh in airgeadraí ilchodacha a mhiondealú ina n-airgeadraí comhpháirte de réir na gcuótaí atá i bhfeidhm.

2. Féadfar aon suímh arna nglacadh d'aonghnó ag institiúid d'fhonn fálú i gcoinne éifeacht dhíobhálach an ráta malairte ar a gcóimheasa i gcomhréir le hAirteagal 92(1) a eisiamh nuair a dhéantar glansuímh in airgeadra oscailte a ríomh, faoi réir chead na n-údarás inniúil. Beidh suímh den sórt sin de chineál neamhthrádala nó struchtúrach agus beidh aon athrú i dtéarmaí a n-eisiaimh faoi réir ceada ar leith ó na húdaráis inniúla. Féadfar an láimhseáil chéanna faoi réir na gcoinníollacha céanna a chur i bhfeidhm maidir le suímh na hinstitiúide a bhaineann le hítimí atá asbhainte cheana agus a cistí dílse á ríomh.

3. Féadfaidh institiúid an glanluach láithreach a úsáid nuair a bheidh an glansuíomh oscailte i ngach airgeadra agus in ór á ríomh ar choinníoll go n-úsáideann an institiúid an cur chuige sin go comhsheasmhach.

4. Déanfar glansuímh ghearra agus fhada i ngach airgeadra seachas an t-airgeadra tuairiscithe agus an glansuíomh fada nó gearr in ór a chomhshó ag spotrátaí san airgeadra tuairiscithe. Beidh siad suimithe ansin ar leithligh chun iomlán na nglansuíomh gearr agus iomlán na nglansuíomh fada faoi seach a chruthú. Is é an ceann is airde den dá iomlán sin a bheidh i nglansuíomh foriomlán na hinstitiúide maidir le malairt eachtrach.

5. Léireoidh institiúidí go leormhaith sna ceanglais cistí dílse na priacail eile a bhaineann le roghanna seachas an priacal deilte.

6. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena saineofar raon modhanna chun priacail eile, seachas an priacal deilte, a léiriú i gceanglais cistí dílse ar bhealach atá comhréireach le scála agus castacht ghníomhaíochtaí na n-institiúidí i roghanna.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2013

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Roimh theacht i bhfeidhm na gcaighdeán teicniúil dá dtagraítear sa chéad fhomhír, féadfaidh institiúidí inniúla leanúint de na cóireálacha náisiúnta atá ann cheana féin a chur i bhfeidhm, i gcás gur chuir na húdaráis inniúla an láimhseáil sin i bhfeidhm roimh an 31 Nollaig 2013

▼B

*Airteagal 353*

**Priacal malairte eachtraí na GCanna**

1. Chun críocha Airteagal 352, beidh, i gcás GCanna, suíomh iarbhír an CUI maidir le hairgeadra eachtrach curtha san áireamh.

2. Féadfaidh institiúidí dul i muinín thuairisciú na dtríú páirtithe seo a leanas maidir le suímh in airgeadra eachtrach sa GC:

(a) institiúid taisclainne an GC ar an gcoinníoll go ndéanann an GC infheistiú eisiach in urrúis agus go gcuireann sé gach urrús i dtaisce san institiúid taisclainne sin;

(b) i gcás GCanna eile, cuideachta bhainistíochta an GC, ar choinníoll go gcomhlíonann cuideachta bhainistíochta an GC na critéir atá leagtha amach i bpointe (a) d'Airteagal 132 (3).

Deimhneoidh iniúchóir seachtrach go bhfuil an ríomh cruinn.

3. I gcás nach feasach d'institiúid na suímh in airgeadra eachtrach atá in GC, glacfar leis go bhfuil an GC infheistithe go dtí an t-uasmhéid a cheadaítear faoi shainordú an GC maidir le hairgeadra eachtrach agus cuirfidh institiúidí san áireamh, maidir le suímh sa leabhar trádála, an risíocht indíreach ba mhó arbh fhéidir leo a bhaint amach trí shuímh luamhánaithe a ghlacadh tríd an GC nuair atá a gceanglais cistí dílse le haghaidh priacal malairte eachtraí á ríomh. Déanfar sin tríd an suíomh sa GC a mhéadú go comhréireach go dtí an risíocht uasta ar na hítimí infheistíochta foluiteacha a eascraíonn as an sainordú infheistíochta. Láimhseálfar suíomh toimhdithe an GC maidir le malairt eachtrach mar airgeadra ar leithligh de réir láimhseáil na n-infheistíochtaí in ór, faoi réir iomlán an tsuímh fhada a chur le hiomlán an tsuímh fhada oscailte in airgeadra eachtrach agus iomlán an tsuímh ghearr a chur le hiomlán an tsuímh ghearr oscailte in airgeadra eachtrach nuair atá stiúradh infheistíocht GC ar fáil. Ní cheadófar glanluacháil idir shuímh den sórt sin roimh an ríomh.

*Airteagal 354*

**Airgeadraí dlúth-chomhghaolaithe**

1. Féadfaidh institiúidí ceanglais cistí dílse níos ísle a sholáthar i gcoinne suíomh in airgeadraí dlúth-chomhghaolaithe ábhartha. Ní mheastar péire airgeadraí a bheith dlúth-chomhghaolaithe ach sa chás ina mbeadh dóchúlacht chaillteanais — arna ríomh ar bhonn sonraí ráta malairte na dtrí nó na gcúig bliana roimhe — ar shuímh chothroma agus urchomhaireacha in airgeadraí den sórt sin thar an 10 lá oibre dar gcionn, ar 4 % nó níos lú é de luach an tsuímh chomhoiriúnaithe atá i gceist (arna luacháil i dtéarmaí an airgeadra thuairiscithe), ina mbeadh an dóchúlacht sin ar a laghad 99 % nuair a d'úsáidfí tréimhse bhreathnóireachta trí bliana, agus 95 % nuair a d'úsáidfí tréimhse bhreathnóireachta cúig bliana. Beidh an ceanglas cistí dílse maidir leis an suíomh comhoiriúnaithe in dhá airgeadra dhlúth-chomhghaolaithe cothrom le 4 % arna iolrú faoi luach an tsuímh chomhoiriúnaithe.

▼B

2. Le linn cheanglais na Caibidle seo a ríomh, féadfaidh institiúidí neamhaird a dhéanamh de shuímh in airgeadraí atá faoi réir comhaontaithe idir-rialtasaigh atá ceangailteach ó thaobh dlí de chun teorainn a chur lena n-athrúchán i gcoibhneas le hairgeadraí eile arna gcumhdach faoin gcomhaontú céanna. Ríomhfaidh institiúidí a suímh chomhoiriúnaithe in airgeadraí den sórt sin agus déanfaidh siad ceanglas cistí dílse a chur i bhfeidhm maidir leo nach lú ná leath an athrúcháin uasta cheadaithe atá leagtha síos sa chomhaontú idir-rialtasach atá i gceist i leith na n-airgeadraí lena mbaineann.

3. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ina liostaítear na hairgeadraí a bhfuil an láimhseáil atá leagtha amach i mír 1 ar fáil dóibh.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Eanáir 2014.

Tugtar cumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

4. Féadfar an ceanglas cistí dílse maidir leis na suímh chomhoiriúnaithe in airgeadraí na mBallstát a bheidh rannpháirteach i ndara céim an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta a ríomh mar 1,6 % de luach na suíomh comhoiriúnaithe sin.

5. Ní bheidh ionchorpraithe sa ghlansuíomh oscailte foriomlán i gomhréir le hAirteagal 352(4) ach na suímh gan chomhoiriúnú in airgeadraí dá dtagraítear san Airteagal seo.

6. Maidir le sonraí ráta malairte laethúla na dtrí nó na gcúig bliana roimhe atá ar shuímh chothroma agus urchomhaireacha i bpéire airgeadra ar feadh na 10 lá oibre ina dhiaidh sin, i gcás ina léirítear leo go bhfuil an dá airgeadra sin i gcomhchoibhneas deimhneach foirfe lena chéile agus a bhféadfaidh an institiúid raon tairisceana is atairisceana nialais a bhaint amach i gcónaí i leith gach trádála faoi seach, féadfaidh an institiúid arna cheadú sin go follasach ag a húdarás inniúil, ceanglas maidir le cistí dílse 0 % a chur i bhfeidhm go dtí deireadh na bliana 2017.

*CAIBIDIL 4*

***Ceanglais na gcistí dílse le haghaidh priacal tráchtearraí***

*Airteagal 355*

**Modh a roghnú maidir le priacal tráchtearraí**

Faoi réir Airteagal 356 go hAirteagal 358, ríomhfaidh institiúidí an ceanglas cistí dílse le haghaidh priacal tráchtearraí ag úsáid ceann de na modhanna a leagtar amach in Airteagal 359, Airteagal 360 nó Airteagal 361.

▼B

*Airteagal 356*

**Gnó tráchtearraí coimhdeacha**

1. Féadfaidh institiúidí a bhfuil gnó tráchtearraí coimhdeacha talmhaíochta acu na ceanglais cistí dílse maidir lena stoc tráchtearraí fisiciúla a shocrú ag deireadh gach bliana le haghaidh na bliana dar gcionn i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas go léir:

(a) tráth ar bith den bhliain tá cistí dílse ina seilbh maidir leis an priacal sin nach lú iad ná an meáncheanglas cistí dílse i leith an priacal sin a bheidh measta ar bhonn coimeádach le haghaidh na bliana dar gcionn;

(b) déanfaidh sí luaineacht ionchasach maidir leis an bhfigiúr atá ríofa faoi phointe (a) a mheas ar bhonn coimeádach;

(c) níl a meáncheanglas cistí dílse i leith an priacal sin níos mó ná 5 % dá cistí dílse nó EUR 1 mhilliún agus, ag cur an luaineacht atá measta i gcomhréir le (b) san áireamh, ní bheidh buaic ionchasach na gceanglas cistí dílse níos mó ná 6.5 % dá cistí dílse;

(d) déanann an institiúid faireachán ar bhonn leanúnach féachaint an meastacháin réadúla iad na meastacháin arna ndéanamh faoi phointe (a) agus phointe (b).

2. Tabharfaidh institiúidí fógra do na húdaráis inniúla faoin úsáid a bhaineann siad as an rogha dá ndéantar foráil i mír 1.

*Airteagal 357*

**Suímh i dtráchtearraí**

1. Sloinnfear gach suíomh i dtráchtearraí nó i ndíorthaigh tráchtearraí i dtéarmaí an aonaid tomhais chaighdeánaigh. Sloinnfear an spotphraghas i ngach tráchtearra san airgeadra tuairiscithe.

2. Measfar go bhfuil suímh in ór nó i ndíorthaigh óir faoi réir priacal malairte eachtraí agus láimhseálfar iad i gcomhréir le Caibidil 3 nó Caibidil 5, mar is iomchuí, ar mhaithe le priacal tráchtearraí a ríomh.

3. Chun críocha Airteagal 360(1), is glansuíomh institiúide i ngach tráchtearra a bheidh i mbarrachas a suíomh fada thar a suímh ghearra, nó a mhalairt, sa tráchtearra céanna agus i dtodhchaíochtaí tráchtearraí, i roghanna agus i mbarántais chomhionanna. Láimhseálfar ionstraimí díorthacha, mar atá leagtha síos in Airteagal 358, mar shuímh sa tráchtearra foluiteach.

4. Ar mhaithe le suíomh i dtráchtearra a ríomh, láimhseálfar na suímh seo a leanas mar shuímh sa tráchtearra céanna:

▼B

(a) suímh i bhfo-chatagóirí éagsúla tráchtearraí i gcás ina bhfuil na fochatagóirí inseachadta i gcoinne a chéile;

(b) suímh i dtráchtearraí comhchosúla más dlúthionadaithe iad agus nuair is féidir comhghaol íosta 0.9 idir ghluaiseachtaí praghsanna a bhunú go soiléir thar íostréimhse bliana.

*Airteagal 358*

**Ionstraimí áirithe**

1. Beidh todhchaíochtaí tráchtearraí agus réamhoibleagáidí tráchtearraí aonair a cheannach nó a dhíol ionchorpraithe sa chóras tomhais mar mhéideanna barúlacha i dtéarmaí an aonaid tomhais chaighdeánaigh agus sannfar aibíocht dóibh ag tagairt do dháta éaga.

2. Babhtálacha tráchtearraí i gcás inar praghas seasta taobh amháin den idirbheart agus inar praghas an mhargaidh an taobh eile, láimhseálfar iad mar shraith suíomh atá cothrom le méid barúlach an chonartha agus, nuair is ábhartha, le suíomh amháin i gcomhréir le gach íocaíocht i leith na babhtála agus suite isteach sna bandaí aibíochta in Airteagal 359(1). Is suímh fhada iad na suímh má bhíonn an institiúid ag íoc praghas seasta agus ag fáil praghas comhlúthach agus is suímh ghearra iad má bhíonn an institiúid ag fáil praghas seasta agus ag íoc praghas comhlúthach. Is gá babhtálacha tráchtearraí i gcás ina bhfuil taobhanna an idirbhirt i dtráchtearraí éagsúla a thuairisciú sa dréimire tuairiscithe ábhartha i leith chur chuige an dréimire aibíochta.

3. Láimhseálfar roghanna agus barántais ar thráchtearraí agus ar dhíorthaigh tráchtearraí amhail is dá mba shuímh iad atá cothrom i luach foluiteach lena mbaineann an rogha, arna iolrú faoi dheilte na rogha chun críocha na Caibidle seo. Féadfar na suímh dheireanacha sin a ghlanluacháil i gcoinne aon suímh fhritháirimh sa tráchtearra céanna nó sa díorthach céanna foluiteach. Is í an deilte a úsáidfear, deilte na malairte lena mbaineann. Le haghaidh roghanna thar an gcuntar, nó i gcás nach bhfuil fáil ar deilte ón mhalairt lena mbaineann, d'fhéadfadh an institiúid í féin an deilte a ríomh agus samhail chuí á úsáid, faoi riar cead a fháil ó na húdaráis inniúla. Tabharfar cead má mheastar ráta athraithe luach na rogha nó luach an bharántais go hiomchuí leis an tsamhail i leith athruithe beaga i bpraghas margaidh na ionstraime foluiteach.

Léireoidh institiúidí go leormhaith sna ceanglais cistí dílse na priacail eile a bhaineann le roghanna seachas an priacal deilte.

4. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena saineofar raon modhanna chun priacail eile, seachas an priacal deilte, a léiriú i gceanglais cistí dílse ar bhealach atá comhréireach le scála agus castacht ghníomhaíochtaí na n-institiúidí i roghanna.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2013.

▼B

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Roimh theacht i bhfeidhm na gcaighdeán teicniúil dá dtagraítear sa chéad fhomhír, féadfaidh institiúidí inniúla leanúint de na láimhseálacha náisiúnta atá ann cheana féin a chur i bhfeidhm, i gcás gur chuir na húdaráis inniúla na láimhseálacha sin i bhfeidhm roimh an 31 Nollaig 2013.

5. I gcás inar ceann de na cinn a leanas an institiúid, cuirfidh sí na tráchtearraí lena mbaineann san áireamh agus a ceanglas cistí dílse le haghaidh priacal tráchtearraí á ríomh:

(a) aistreoir tráchtearraí nó ceart ráthaithe a bhaineann le teidlíocht chun na tráchtearraí i gcomhaontú athcheannaigh;

(b) iasachtóir tráchtearraí i gcomhaontú maidir le tráchtearraí a iasachtú.

*Airteagal 359*

**Cur chuige an dréimire aibíochta**

1. Úsáidfidh an institiúid dréimire aibíochta ar leithligh i gcomhréir le Tábla 1 le haghaidh gach tráchtearra. Sannfar gach suíomh sa tráchtearra sin do na bandaí aibíochta iomchuí. Sannfar stoic fhisiciúla don chéad bhanda aibíochta idir 0 mí agus 1 mhí, í sin san áireamh.

*Tábla 1*

| Banda aibíochta (1) | Ráta difríochta (%) (2) |
|---|---|
| 0 ≤ 1 mhí | 1,50 |
| > 1 ≤ 3 mhí | 1,50 |
| > 3 ≤ 6 mhí | 1,50 |
| > 6 ≤ 12 mhí | 1,50 |
| > 1 ≤ 2 bliana | 1,50 |
| > 2 ≤ 3 bliana | 1,50 |
| > 3 bliana | 1,50 |

2. Féadfar suímh sa tráchtearra céanna a fhritháireamh agus a shannadh do na bandaí aibíochta iomchuí ar bhonn glan maidir leo seo a leanas:

(a) suímh i gconarthaí a thiocfaidh in aibíocht ar an dáta céanna;

(b) suímh i gconarthaí a thiocfaidh in aibíocht laistigh de 10 lá dá chéile má thrádáiltear iad ar mhargaí a bhfuil dátaí seachadta laethúla acu.

▼B

3. Ríomhfaidh an institiúid suim na suíomh fada agus suim na suíomh gearr i ngach banda aibíochta. Beidh suim na suíomh fada atá comhoiriúnaithe leis na suíomh gearr i mbanda áirithe cothrom le suímh chomhoiriúnaithe sa bhanda sin, agus beidh an suíomh iarmharach fada nó gearr cothrom leis an suíomh gan chomhoiriúnú don bhanda céanna.

4. Beidh an chuid sin den suíomh fada gan chomhoiriúnú maidir le banda aibíochta áirithe atá comhoiriúnaithe leis an suíomh gearr gan chomhoiriúnú, nó a mhalairt, maidir le banda aibíochta níos faide amach cothrom leis an suíomh comhoiriúnaithe idir dhá bhanda aibíochta. Beidh an suíomh gan chomhoiriúnú cothrom leis an gcuid sin den suíomh fada gan chomhoiriúnú nó den suíomh gearr gan chomhoiriúnú nach féidir a chomhoiriúnú amhlaidh.

5. Ríomhfar ceanglas cistí dílse na hinstitiúide maidir le gach tráchtearra ar bhonn an dréimire aibíochta ábhartha mar shuim na nithe seo a leanas:

(a) suim na suíomh fada agus gearr comhoiriúnaithe, arna hiolrú faoin ráta difríochta iomchuí mar atá tugtha le fios sa dara colún de Thábla 1 maidir le gach banda aibíochta agus arna hiolrú faoi spotphraghas an tráchtearra;

(b) an suíomh comhoiriúnaithe idir dhá bhanda aibíochta maidir le gach banda aibíochta ina bhfuil suíomh gan chomhoiriúnú tugtha ar aghaidh, arna iolrú faoi 0,6 %, is é sin an ráta tugtha anonn, agus arna iolrú faoin spotphraghas don tráchtearra;

(c) suim na suíomh iarmharach gan chomhoiriúnú, arna hiolrú faoi 15 %, is é sin an ráta glan amach, agus arna hiolrú faoin spotphraghas don tráchtearra.

6. Ríomhfar ceanglas cistí dílse na hinstitiúide le haghaidh priacal tráchtearraí mar shuim na gceanglas cistí dílse arna ríomh maidir le gach tráchtearra i gcomhréir le mír 5.

*Airteagal 360*

**Cur chuige simplithe**

1. Ríomhfar ceanglas cistí dílse na hinstitiúide maidir le gach tráchtearra mar shuim na nithe seo a leanas:

(a) 15 % den suíomh glan, fada nó gearr, arna iolrú faoi spotphraghas an tráchtearra;

(b) 3 % den suíomh comhlán, fada móide gearr, arna iolrú faoi spotphraghas an tráchtearra.

2. Ríomhfar ceanglas cistí dílse na hinstitiúide le haghaidh priacal tráchtearraí mar shuim na gceanglas cistí dílse arna ríomh maidir le gach tráchtearra i gcomhréir le mír 1.

▼B

*Airteagal 361*

**Cur chuige an dréimire aibíochta sínte**

Féadfaidh institiúidí na rátaí íosta difríochta, tugtha anonn agus glan amach atá leagtha amach i dTábla 2 a leanas a úsáid seachas na rátaí sin atá luaite in Airteagal 359 ar an gcoinníoll go bhfuil na nithe seo a leanas comhlíonta ag na hinstitiúidí:

(a) déanann siad gnó suntasach tráchtearraí;

(b) tá punann tráchtearraí acu atá éagsúlaithe go hiomchuí;

(c) níl siad fós in ann samhlacha inmheánacha a úsáid ar mhaithe leis an gceanglas cistí dílse le haghaidh priacal tráchtearraí a ríomh.

*Tábla 2*

| | Miotail lómhara (cé is moite d'ór) | Miotail neamhlómhara | Táirgí talm-haíochta (táirgí boga) | Eile, lena n-áirítear táirgí fuinnimh |
|---|---|---|---|---|
| Ráta difríochta (%) | 1,0 | 1,2 | 1,5 | 1,5 |
| Ráta tugtha (%) | 0,3 | 0,5 | 0,6 | 0,6 |
| Ráta glan amach (%) | 8 | 10 | 12 | 15 |

Tabharfaidh institiúidí fógra dá n-údaráis inniúla maidir leis an úsáid a bhaineann siad as an Airteagal seo i dteannta le fianaise faoina n-iarrachtaí samhail inmheánach a chur chun feidhme ar mhaithe leis an gceanglas cistí dílse le haghaidh priacal tráchtearraí a ríomh.

*CAIBIDIL 5*

***Samhlacha inmheánacha a úsáid chun ceanglais cistí dílse a ríomh***

Roinn 1

**Cead agus ceanglais cistí dílse**

*Airteagal 362*

**Priacail sonracha agus priacail ginearálta**

Chun críocha na Caibidle seo féadfar priacal an tsuímh ar ionstraim fiachais nó ar ionstraim cothromais intrádála nó ar dhíorthach díobh a roinnt ina dhá chomhpháirt. Beidh an chéad cheann cothrom lena chomhpháirt priacal shonraigh agus cuimseofar leis sin an priacal d'athrú i bpraghas na hionstraime lena mbaineann i ngeall ar fhachtóirí a bhaineann lena heisitheoir, nó i gcás díorthaigh, eisitheoir na hionstraime foluiteach. Cuimseofar leis an gcomhpháirt priacal ghinearálta priacal d'athrú i bpraghas na hionstraime i ngeall ar athrú i leibhéal na rátaí úis i gcás ionstraime fiachais intrádála nó díorthaigh fiachais nó i gcás cothromais nó díorthaigh cothromais i ngeall ar ghluaiseacht leathan sa mhargadh cothromais nach bhfuil baint aici le tréithe sonracha na n-urrús aonair.

▼B

*Airteagal 363*

**Cead chun samhlacha inmheánacha a úsáid**

1. Tar éis dóibh a fhíorú gur chomhlíon an institiúid na ceanglais de réir Ranna 2, 3 agus 4 mar atá ábhartha, tabharfaidh na húdaráis inniúla cead d'institiúidí a gceanglais cistí dílse a ríomh maidir le ceann amháin nó níos mó de na catagóirí priacal seo a leanas trína samhlacha inmheánacha a úsáid in áit na modhanna atá léirithe i gCaibidil 2 go Caibidil 4 nó i gcomhcheangal leo;

(a) priacal ginearálta ionstraimí cothromais;

(b) priacal sonrach ionstraimí cothromais;

(c) priacal ginearálta ionstraimí fiachais;

(d) priacal sonrach ionstraimí fiachais;

(e) priacal malairte eachtraí;

(f) priacal tráchtearraí.

2. I gcás catagóirí priacal nár tugadh an cead dá dtagraítear i mír 1 don institiúid ina leith chun a samhlacha inmheánacha a úsáid, leanfaidh an institiúid sin dá ceanglais cistí dílse a ríomh i gcomhréir leis na modhanna sin i gCaibidil 2, i gCaibidil 3 agus i gCaibidil 4 mar is ábhartha. Beidh cead ó na húdaráis inniúla ag teastáil i ndáil le húsáid na samhlacha inmheánacha maidir le gach catagóir priacal agus ní cheadófar sin ach amháin má chumhdaítear leis an tsamhail inmheánach cion suntasach de na suímh a bhaineann le catagóir áirithe priacal.

3. Éilítear cead ar leithligh ón údarás inniúil maidir le hathruithe ábhartha ar úsáid na samhlacha inmheánacha a bhfuil cead faighte ag an institiúid lena n-úsáid, maidir le síneadh ar úsáid na samhlacha inmheánacha a bhfuil cead faighte ag an institiúid lena n-úsáid, go háirithe maidir le catagóirí priacal breise, agus maidir le ríomh tosaigh an luacha faoi phriacal struis i gcomhréir le hAirteagal 365(2).

Cuirfidh na hinstitiúidí na húdaráis inniúla ar an eolas maidir leis na síntí agus na hathruithe uile ar fad a dhéanfar ar an úsáid a bhaintear as na samhlacha inmheánacha sin a bhfuil cead faighte ag an institiúid leas a bhaint astu.

4. Forbróidh ÚBE dréacht-chaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na nithe seo a leanas a shonrú:

(a) na coinníollacha chun measúnú a dhéanamh ar ábharthacht na síntí agus na n-athruithe ar úsáid samhlacha inmheánacha;

(b) an mhodheolaíocht mheasúnaithe faoina dtugann na húdaráis inniúla cead d'institiúidí leas a bhaint as samhlacha inmheánacha;

(c) Féachfar ar na coinníollacha faoina gcumhdaítear cion na suíomh leis an tsamhail inmheánach laistigh de chatagóir priacal mar coinníollacha suntasacha faoi mar a thagraítear dóibh i mír 2.

▼B

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2014

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 364*

**Ceanglais cistí dílse nuair a úsáidtear samhlacha inmheánacha**

1. Gach institiúid a úsáideann samhail inmheánach, comhlíonfaidh sí, i dteannta le ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir le Caibidil 2, Caibidil 3 agus Caibidil 4 maidir leis na catagóirí priacal nár tugadh cead ina leith chun samhail inmheánach a úsáid, ceanglas cistí dílse arna shloinneadh mar shuim phointe (a) agus phointe (b):

(a) an luach is airde de na luachanna a leanas:

(i) a huimhir luacha faoi phriacal (VaR) don lá roimhe arna ríomh sin i gcomhréir le hAirteagal 365(1) ($VaR_{t-1}$);

(ii) meán na n-uimhreacha luacha faoi phriacal arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 365(1) do gach lá den seasca lá gnó roimhe sin (VaRavg), arna iolrú faoin bhfachtóir iolrúcháin (mc) i gcomhréir le hAirteagal 366;

(b) an luach is airde de na luachanna a leanas:

(i) a huimhir luacha faoi phriacal struis is déanaí atá ar fáil arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 365(2) ($sVaR_{t-1}$); agus

(ii) meán na n-uimhreacha luacha faoi phriacal struis arna ríomh sa mhodh agus leis an minicíocht atá sonraithe in Airteagal 365(2) le linn an seasca lá gnó roimhe sin ($sVaR_{avg}$), arna iolrú faoin bhfachtóir iolrúcháin (ms) i gcomhréir le hAirteagal 366;

2. Maidir le hinstitiúidí a úsáideann samhail inmheánach chun a gceanglas cistí dílse le haghaidh priacal sonrach na n-ionstraimí fiachais a ríomh, comhlíonfaidh siad ceanglas cistí dílse breise arna shloinneadh mar shuim phointe (a) agus phointe (b) a leanas:

(a) an ceanglas cistí dílse arna ríomh de réir Airteagal 337 agus Airteagal 338 maidir le priacal sonrach na suíomh urrúsúcháin agus na ndíorthach creidmheasa don n-ú mainneachtain sa leabhar trádála cé is moite díobh sin atá ionchorpraithe i gceanglas cistí dílse le haghaidh priacal sonrach na punainne trádála comhghaoil i gcomhréir le Roinn 5 agus, nuair is infheidhme, an ceanglas cistí dílse le haghaidh priacal shonraigh i gcomhréir le Caibidil 2, Roinn 6, maidir leis na suímh sin in GCanna nach bhfuil na coinníollacha in Airteagal 350(1) ná na coinníollacha in Airteagal 350(2) comhlíonta ina leith;

▼B

(b) an uimhir is airde de na huimhreacha a leanas:

(i) an uimhir priacal is déanaí maidir leis an priacal incriminteach mainneachtana agus imirce i gcomhréir le Roinn 3;

(ii) meán na huimhreach sin thar an 12 sheachtain roimhe.

3. Institiúidí a bhfuil punann trádála comhghaoil acu, lena gcomhlíontar na ceanglais in Airteagal 338(1) go (3), féadfaidh siad ceanglas cistí dílse breise a chomhlíonadh ar bhonn Airteagal 377 in ionad Airteagal 338 (4), arna ríomh mar an gceann is airde de na huimhreacha a leanas:

(a) an uimhir priacal is déanaí maidir leis an bpunann trádála comhghaoil arna ríomh i gcomhréir le Roinn 5;

(b) meán na huimhreach sin thar na 12 sheachtain roimhe;

(c) 8 % den cheanglas cistí dílse, tráth a ríomhadh an uimhir priacal is déanaí dá dtagraítear i bpointe (a), a bheadh ríofa i gcomhréir le hAirteagal 338(4) maidir leis na suímh sin uile atá ionchorpraithe sa tsamhail inmheánach maidir leis an bpunann trádála comhghaoil.

## Roinn 2

## Ceanglais ghinearálta

### *Airteagal 365*

### VaR agus VaR struis a Ríomh

1. Beidh ríomh na huimhreach luacha faoi phriacal dá dtagraítear in Airteagal 364 faoi réir na gceanglas seo a leanas:

(a) ríomh laethúil na huimhreach luacha faoi phriacal;

(b) eatramh muiníne aonfhoircneach 99ú peircintíl;

(c) tréimhse shealbhaíochta 10 lá;

(d) tréimhse bhreathnóireachta stairiúil iarbhír 1 bhliana ar a laghad ach amháin nuair atá údar le tréimhse bhreathnóireachta níos giorra i ngeall ar bhorradh suntasach i luaineacht praghsanna;

(e) nuashonruithe míosúla ar a laghad ar shraith sonraí.

Féadfaidh an institiúid uimhreacha luacha faoi phriacal a úsáid arna ríomh de réir tréimhsí sealbhaíochta níos giorra ná 10 lá atá scálaithe suas go 10 lá de réir modheolaíochta iomchuí a ndéantar athbhreithniú tréimhsiúil uirthi.

▼B

2. Ina theannta sin, déanfaidh an institiúid 'luach faoi phriacal struis' a ríomh maidir leis an bpunann reatha ar bhonn seachtainiúil ar a laghad, i gcomhréir leis na ceanglais atá leagtha amach sa chéad mhír, le hionchur samhla den luach faoi phriacal atá calabraithe do shonraí stairiúla ó thréimhse leanúnach 12 mhí struis airgeadais shuntasaigh atá ábhartha do phunann na hinstitiúide. Beidh rogha na sonraí stairiúla sin faoi réir a athbhreithnithe gach bliain ar a laghad ag an institiúid, agus cuirfidh an institiúid fógra chuig na húdaráis inniúla maidir leis an toradh. Déanfaidh ÚBE faireachán ar an raon cleachtas maidir le luach faoi phriacal struis a ríomh agus eiseoidh sé treoirlínte i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 maidir leis na cleachtais sin.

*Airteagal 366*

**Iarthástáil rialála agus fachtóirí iolrúcháin**

1. Déanfar torthaí na ríomhanna dá dtagraítear in Airteagal 365 a mhéadú ó scála faoi na fachtóirí iolrúcháin (mc) agus (ms).

2. Beidh gach ceann de na fachtóirí iolrúcháin ($m_c$) agus ($m_s$) cothrom leis an lánsuim 3 ar a laghad móide suimeann idir 0 agus 1 i gcomhréir le Tábla 1. Beidh an tsuimeann sin spleách ar líon na róluaineachtaí i leith an 250 lá gnó is déanaí arna fhianú le hiarthástáil ar an uimhir luacha faoi phriacal mar atá leagtha amach in Airteagal 365(1).

*Tábla 1*

| Líon na róluaineachtaí | suimeann |
|---|---|
| Níos lú ná 5 | 0,00 |
| 5 | 0,40 |
| 6 | 0,50 |
| 7 | 0,65 |
| 8 | 0,75 |
| 9 | 0,85 |
| 10 nó níos mó | 1,00 |

3. Ríomhfaidh na hinstitiúidí na róluaineachtaí laethúla ar bhonn iarthástála ar athruithe hipitéiseacha agus iarbhír i luach na punainne. Athrú lá amháin i luach na punainne is ea róluaineacht ar mó í ná an uimhir luacha faoi phriacal lá amháin gaolmhar arna giniúint ag samhail na hinstitiúide. Ar mhaithe leis an tsuimeann a chinneadh, déanfar líon na róluaineachtaí a mheas ar bhonn ráithiúil ar a laghad agus beidh siad cothrom leis an líon is airde de na róluaineachtaí faoi athruithe hipitéiseacha agus iarbhír i luach na punainne.

Beidh iarthástáil ar athruithe hipitéiseacha i luach na punainne bunaithe ar chomparáid idir luach deiridh lae na punainne agus, ag glacadh leis nach bhfuil athruithe ar shuímh, a luach ag deireadh an lae dar gcionn.

Beidh iarthástáil ar athruithe iarbhír i luach na punainne bunaithe ar chomparáid idir luach deiridh lae na punainne agus a luach iarbhír ag deireadh an lae dar gcionn cé is moite de tháillí, de choimisiúin, agus de ghlanioncam úis.

▼B

4. Féadfaidh na húdaráis inniúla, i gcásanna aonair, teorainn a chur leis an tsuimeann go dtí suimeann a thig ó róluaineachtaí faoi athruithe hipitéiseacha, nuair nach dtagann líon na róluaineachtaí faoi athruithe iarbhír ó easpa sa tsamhail inmheánach.

5. D'fhonn ligean do na húdaráis inniúla faireachán a dhéanamh ar oiriúnacht na bhfachtóirí iolrúcháin ar bhonn leanúnach, tabharfaidh institiúidí fógra do na húdaráis inniúla go pras, agus tráth nach déanaí ná laistigh de chúig lá oibre, maidir le róluaineachtaí a thig óna gclár iarthástála.

*Airteagal 367*

**Ceanglais maidir le priacal a thomhas**

1. Aon samhail inmheánach a úsáidtear chun ceanglais chaipitil a ríomh le haghaidh priacal an tsuímh, priacal malairte eachtraí, priacal tráchtearraí, agus aon samhail inmheánach le haghaidh trádála comhghaoil, comhlíonfaidh sí na ceanglais uile seo a leanas:

(a) gabhfar na priacail praghais ábhartha uile go cruinn leis an tsamhail;

(b) gabhfar líon dóthanach fachtóirí priacal leis an tsamhail, ag brath ar leibhéal gníomhaíochta na hinstitiúide sna margaí faoi seach. I gcás ina mbíonn fachtóir priacal ionchorpraithe i samhail praghsála na hinstitiúide ach ní sa tsamhail tomhais priacal, beidh an institiúid in ann údar a thabhairt le heasnamh den sórt sin chun sástachta an údaráis inniúil. Gabhfar leis an tsamhail tomhais priacal neamhlíneachtaí maidir le roghanna agus táirgí eile chomh maith le priacal comhghaoil agus priacal boinn. I gcás ina n-úsáidtear ionadaigh in áit fachtóirí priacal taispeánfaidh siad cuntas teiste maith i leith an tsuímh iarbhír arna shealbhú.

2. Aon samhail inmheánach a úsáidfear chun ceanglais chaipitil a ríomh le haghaidh priacal an tsuímh, priacal malairte eachtraí nó priacal tráchtearraí, comhlíonfaidh sí na ceanglais uile a leanas:

(a) ionchorprófar leis an tsamhail sraith fachtóirí priacal a fhreagraíonn do rátaí úis gach airgeadra ina bhfuil suímh lena mbaineann íogaireacht ráta úis laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe ag an institiúid. Déanfaidh an institiúid na cuair toraidh a shamhaltú ag úsáid ceann de na cineálacha cur chuige a bhfuil glactha leo go ginearálta. I gcás risíochtaí ábhartha ar priacal an ráta úis sna móirairgeadraí agus sna mórmhargaí, roinnfear an cuar toraidh ina shé dheighleog aibíochta ar a laghad chun na hathruithe i luaineachtaí rátaí feadh an chuair toraidh a ghabháil. Gabhfar leis an tsamhail freisin an priacal a bhaineann le gluaiseachtaí nach bhfuil comhghaolaithe ar bhealach iomlán foirfe idir chuair toraidh éagsúla;

▼B

(b) ionchorprófar leis an tsamhail fachtóirí priacal a fhreagraíonn d'ór agus do na hairgeadraí eachtracha aonair ina bhfuil suímh na hinstitiúide ainmnithe. I gcás GCanna cuirfear suímh iarbhír maidir le hairgeadra eachtrach an GC san áireamh. Féadfaidh institiúidí dul i muinín tuairisciú tríú páirtí ar shuíomh an GC in airgeadra eachtrach i gcás ina bhfuil cruinneas na tuairisce sin áirithithe go leormhaith. I gcás nach feasach d'institiúid suímh an GC in airgeadra eachtrach, déanfar an suíomh sin a ghearradh amach agus a láimhseáil i gcomhréir le hAirteagal 353(3);

(c) úsáidfear sa tsamhail fachtóir priacal ar leithligh maidir le gach margadh cothromais ar a laghad ina sealbhaíonn an institiúid suímh shuntasacha;

(d) úsáidfear sa tsamhail fachtóir priacal ar leithligh maidir le gach tráchtearra ar a laghad ina sealbhaíonn an institiúid suímh shuntasacha. Déanfar a ghabháil leis an tsamhail freisin an priacal a bhaineann le gluaiseachtaí nach bhfuil comhghaolaithe ar bhealach iomlán foirfe idir tráchtearraí comhchosúla, nach comhionann iad, agus an risíocht ar athruithe i réamhphraghsanna a thagann as aisioncronachtaí aibíochta. Cuirfear san áireamh inti freisin tréithe an mhargaidh, go háirithe dátaí seachadta agus an raon feidhme a chuirtear ar fáil do thrádálaithe chun suímh a ghlanadh;

(e) déanfar measúnú coimeádach le samhail inmheánach na hinstitiúide ar an bpriacal a thagann, i gcásanna margaidh réalaíocha, as suímh is lú leachtacht agus suímh le trédhearcacht ó thaobh praghsanna atá teoranta. Ina theannta sin, comhlíonfar íoschaighdeáin sonraí leis an tsamhail inmheánach. Beidh na hionadaigh coimeádach go hiomchuí agus ní úsáidfear iad ach amháin i gcás ina bhfuil na sonraí atá ar fáil neamhleor nó nach léirítear leo fhíorluaineacht suímh nó punainne.

3. Ní fhéadfaidh institiúidí, i gcás aon samhail inmheánach arna húsáid chun críocha na Caibidle seo, comhghaolta eimpíreacha a úsáid laistigh de chatagóirí priacal agus thar chatagóirí priacal ach amháin i gcás ina bhfuil cur chuige na hinstitiúide maidir le comhghaolta a thomhas fónta agus á chur i bhfeidhm le hionracas.

*Airteagal 368*

**Ceanglais cháilíochtúla**

1. Beidh aon samhail arna húsáid chun críocha na Caibidle seo fónta ar bhonn coincheapúil agus curtha chun feidhme le hionracas agus, go háirithe, comhlíonfar léi na ceanglais cháilíochtúla uile a leanas:

(a) aon tsamhail inmheánach a úsáidtear chun ceanglais chaipitil a ríomh le haghaidh priacal an tsuímh, priacal malairte eachtraí nó priacal tráchtearraí, beidh sí comhtháite go dlúth le próiseas laethúil bainistithe priacal na hinstitiúide agus is féidir í a úsáid mar bhonn chun risíochtaí ar priacal a thuairisciú don lucht bainistíochta sinsearaí;

(b) beidh aonad rialaithe priacal ag an institiúid atá neamhspleách ó aonaid trádála gnó agus a bheidh freagrach go díreach don lucht bainistíochta sinsearaí. Beidh an t-aonad freagrach as aon samhail inmheánach arna húsáid chun críocha na Caibidle seo a dhearadh agus a chur chun feidhme. Déanfar bailíochtú tosaigh agus leanúnach san aonad ar aon tsamhail inmheánach arna húsáid chun críocha na Caibidle seo, ó tharla gurb é an t-aonad a bheidh

▼B

freagrach as an gcóras foriomlán bainistíochta priacal. Ullmhófar tuairiscí laethúla agus déanfar anailís orthu san aonad maidir le haschur aon samhla inmheánaí arna húsáid chun ceanglais chaipitil a ríomh le haghaidh priacal an tsuímh, priacal malairte eachtraí agus priacal tráchtearraí agus maidir leis na bearta iomchuí atá le déanamh i dtéarmaí teorainneacha trádála;

(c) beidh comhlacht bainistíochta agus lucht bainistíochta sinsearaí na hinstitiúide rannpháirteach go gníomhach sa phróiseas rialaithe priacal agus déanfar athbhreithniú ar na tuairiscí laethúla arna ndéanamh ag an aonad rialaithe priacal ar leibhéal bainistíochta a mbeidh údarás imleor aige chun laghduithe ar shuímh arna nglacadh ag trádálaithe aonair agus laghduithe i risíocht fhoriomlán na hinstitiúide ar priacal a fhorfheidhmiú;

(d) beidh líon foirne imleor ag an institiúid a bhfuil scileanna acu in úsáid samhlacha inmheánacha sofaisticiúla, lena n-áirítear na samhlacha sin arna n-úsáid chun críocha na Caibidle seo, sna réimsí trádála, rialaithe priacal, iniúchta agus cúloifige;

(e) beidh nósanna imeachta bunaithe ag an institiúid chun faireachán a dhéanamh ar shraith dhoiciméadaithe de bheartais agus de rialuithe inmheánacha a bhaineann le feidhmiú foriomlán a samhlacha inmheánacha agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar iad, lena n-áirítear na cinn arna n-úsáid chun críocha na Caibidle seo;

(f) beidh cuntas teiste cruthaithe maidir le beachtas réasúnta i dtomhas priacail ag aon samhail inmheánach arna húsáid chun críocha na Caibidle seo;

(g) déanfaidh an institiúid dianchlár tástála struis go minic, lena n-áirítear tástálacha struis droim ar ais, lena gcuimsítear aon samhail inmheánach arna húsáid chun críocha na Caibidle seo agus déanfaidh an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú ar thorthaí na dtástálacha sin agus léireofar iad sna beartais agus sna teorainneacha a chuirtear ar bun. Tabharfar aghaidh sa phróiseas sin ar na nithe seo a leanas go háirithe: neamhleachtacht i margaí faoi dhálaí struis sa mhargadh, priacal comhchruinnithe, margaí aontreo, priacail teagmhais agus priacail mainneachtana gan choinne, neamhlíneacht táirgí, suímh atá go mór lasmuigh den airgead, suímh faoi réir bearnú praghsanna agus priacail eile i gcás ina bhféadfadh sé nach ngabhfar iad go hiomchuí sna samhlacha inmheánacha. Léireoidh na suaití arna gcur i bhfeidhm cineál na bpunann agus an t-am a d'fhéadfadh a bheith i gceist chun na priacail a fhálú amach nó a bhainistiú faoi dhiandálaí margaidh;

(h) déanfaidh an institiúid mar chuid dá próiseas iniúchóireachta inmheánach rialta, athbhreithniú neamhspleách ar a samhlacha inmheánacha, lena n-airítear na samhlacha sin arna n-úsáid chun críocha na Caibidle seo.

2. San áireamh san athbhreithniú dá dtagraítear i bpointe (h) de mhír 1 beidh gníomhaíochtaí na n-aonad trádála gnó agus an aonaid rialaithe priacal neamhspleách araon. Uair amháin sa bhliain ar a laghad, déanfaidh an institiúid athbhreithniú ar a próiseas foriomlán bainistithe priacal. Breithneofar na nithe seo a leanas san athbhreithniú:

(a) leordhóthanacht dhoiciméadú an chórais agus an phróisis um bainistiú priacal agus eagrúchán an aonaid rialaithe priacal;

▼B

(b) bearta priacal a chomhtháthú leis an mbainistíocht priacal laethúil agus sláine an chórais faisnéise bainistíochta;

(c) an próiseas atá in úsáid ag an institiúid chun samhlacha praghsála priacal agus córais luachála atá in úsáid ag pearsanra na hoifige tosaigh agus na cúloifige a fhaomhadh;

(d) raon feidhme na priacail arna ngabhadh ag an tsamhail tomhais priacail agus bailíochtú aon athruithe suntasacha sa phróiseas tomhais priacail;

(e) beachtas agus iomláine na sonraí suíomh, beachtas agus oiriúnacht na dtoimhdí luaineachta agus comhghaoil, agus beachtas na ríomhanna luachála agus íogaireachta maidir le priacal;

(f) an próiseas fíoraithe atá in úsáid ag an institiúid chun meastóireacht a dhéanamh ar chomhsheasmhacht, ar thráthúlacht agus ar iontaofacht na bhfoinsí sonraí a úsáidtear chun samhlacha inmheánacha a rith, lena n-áirítear neamhspleáchas na bhfoinsí sonraí sin;

(g) an próiseas fíoraithe atá in úsáid ag an institiúid chun meastóireacht a dhéanamh ar an iarthástáil a dhéantar d'fhonn beachtas na samhlacha a mheasúnú.

3. De réir mar a fhorbraítear teicnící agus dea-chleachtais, cuirfidh institiúidí na teicnící agus na cleachtais nua sin i bhfeidhm maidir le haon samhail inmheánach arna húsáid chun críocha na Caibidle seo.

*Airteagal 369*

**Bailíochtú Inmheánach**

1. Beidh próisis ar bun ag institiúidí lena áirithiú go ndearna páirtithe atá cáilithe go cuí agus neamhspleách ón bpróiseas forbartha, bailíochtú leordhóthanach ar a samhlacha inmheánacha uile arna n-úsáid chun críocha na Caibidle seo lena áirithiú go bhfuil siad fónta ar bhonn coincheapúil agus go ngabhtar leo go leordhóthanach na priacail ábhartha uile. Déanfar an bailíochtú le linn don tsamhail inmheánach a bheith á forbairt i dtosach agus nuair a dhéantar aon athruithe suntasacha ar an tsamhail inmheánach. Déanfar an bailíochtú freisin ar bhonn tráthúil agus go háirithe i gcás ina raibh aon athruithe struchtúracha suntasacha sa mhargadh nó athruithe i gcomhdhéanamh na punainne a d'fhéadfadh amhras a tharraingt ar leordhóthanacht na samhla inmheánaí. De réir mar a fhorbraítear teicnící agus dea-chleachtais maidir le bailíochtú inmheánach, cuirfidh na hinstitiúidí na forbairtí sin i bhfeidhm. Ní bheidh bailíochtú leis an tsamhail inmheánach teoranta d'iarthástáil, ach áireoidh sé, ar a laghad, na nithe seo a leanas:

(a) tástálacha lena léiriú gur iomchuí aon toimhdí a dhéantar laistigh den tsamhail inmheánach agus nach ndéantar leo gannmheastachán nó rómheastachán ar an bpriacal;

(b) i dteannta na gclár iarthástála rialála, déanfaidh institiúidí a dtástálacha bailíochtaithe féin ar an tsamhail inmheánach, lena n-áirítear iarthástáil, maidir le priacail agus struchtúir a bpunann;

▼B

(c) úsáid a bhaint as punanna hipitéiseacha lena áirithiú gur féidir cuntas a thabhairt leis an tsamhail inmheánach ar ghnéithe struchtúracha ar leith a d'fhéadfadh teacht chun cinn, mar shampla priacail ábhartha boinn agus priacal comhchruinnithe.

2. Déanfaidh an institiúid iarthástáil ar athruithe iarbhír agus hipitéiseacha araon i luach na punainne.

Roinn 3

## Ceanglais a bhaineann go sainiúil le priacail sonracha a shamhaltú

*Airteagal 370*

### Ceanglais maidir le priacail sonracha a shamhaltú

Maidir le samhail inmheánach arna húsáid chun ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh priacal shonraigh agus samhail inmheánach maidir le trádáil chomhghaoil, comhlíonfaidh sí na ceanglais bhreise seo a leanas:

(a) míneoidh sí na hathruithe stairiúla ar phraghsanna sa phunann;

(b) gabhtar léi comhchruinnithe i dtéarmaí méide agus athruithe i gcomhdhéanamh na punainne;

(c) tá sí stóinsithe in aghaidh timpeallachta díobhálaí;

(d) déantar í a bhailíochtú le hiarthástáil dírithe ar mheasúnú a dhéanamh féachaint an bhfuiltear ag gabháil priacal sonrach go beacht. Má dhéanann an institiúid iarthástáil den sórt sin ar bhonn fo-phunann ábhartha, déanfar iad a roghnú ar mhodh comhsheasmhach;

(e) gabhtar léi priacal boinn a bhaineann le hainm agus beidh sí íogair go háirithe i leith difríochtaí neamhghnácha ábhartha idir suímh atá comhchosúil ach nach bhfuil comhionann;

(f) gabhtar léi priacal teagmhais.

*Airteagal 371*

### Eisiaimh ó shamhlachapriacal shonraigh

1. Nuair a dhéantar ceanglas cistí dílse le haghaidh priacal shonraigh a ríomh ag úsáid samhail inmheánach, féadfaidh institiúid rogha a dhéanamh na suímh sin a gcomhlíonann sí ceanglas cistí dílse le haghaidh priacal shonraigh ina leith a eisiamh ón ríomh sin i gcomhréir le hAirteagal 332(1)(e) nó le hAirteagal 337 seachas na suímh atá faoi réir an chur chuige a leagtar amach in Airteagal 377.

2. Féadfaidh institiúid rogha a dhéanamh gan priacail mainneachtana agus priacail imirce le haghaidh ionstraimí fiachais trádáilte a ghabháil ina samhail inmheánach i gcás ina bhfuil sí ag gabháil na priacail sin de réir na gceanglas atá leagtha amach i Roinn 4.

▼B

Roinn 4

**Samhail inmheánach maidir le priacal incriminteach mainneachtana agus imirce**

*Airteagal 372*

**Ceanglas maidir le samhail inmheánach IRC a bhunú**

Fairis sin, beidh samhail inmheánach maidir le priacal incriminteach mainneachtana agus imirce (samhail IRC) bunaithe ag institiúid a úsáideann samhail inmheánach chun ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal shonraigh i leith ionstraimí fiachais trádáilte a ríomh, d'fhonn priacail mainneachtana agus priacail imirce a suíomh sa leabhar trádála a ghabháil ar priacail incriminteacha iad ar na priacail arna ngabháil leis an mbeart luacha faoi phriacal atá sonraithe in Airteagal 365(1). Léireoidh an institiúid go gcomhlíonann a samhail inmheánach na caighdeáin a leanas ag glacadh leis go bhfuil leibhéal seasmhach priacal ann, agus arna oiriúnú nuair is iomchuí chun tionchar leachtachta, comhchruinnithe, fálaithe agus roghnaíochta a léiriú:

(a) cuirtear idirdhealú fóinteach ar priacal ar fáil leis an tsamhail inmheánach chomh maith le meastacháin bheachta, chomhsheasmhacha ar priacal incriminteach mainneachtana agus imirce;

(b) tá ról bunriachtanach maidir le bainistiú priacal san institiúid ag meastachán na samhla inmheánaí le haghaidh caillteanas ionchasach;

(c) tá sonraí an mhargaidh agus sonraí na suíomh a úsáidtear don tsamhail inmheánach cothrom le dáta agus faoi réir measúnú cáilíochta iomchuí;

(d) comhlíontar na ceanglais in Airteagail 367(3), 368, 369 (1) agus 370(b) (c), (e) agus (f).

Eiseoidh ÚBE treoirlínte maidir leis na ceanglais in Airteagal 373 go hAirteagal 376.

*Airteagal 373*

**Raon feidhme na samhla inmheánaí IRC**

Cumhdófar leis an tsamhail inmheánach IRC na suímh uile atá faoi réir ceanglas cistí dílse le haghaidh priacal shonraigh ráta úis, lena n-áirítear na suímh sin atá faoi réir muirir chaipitil priacal 0 % de réir Airteagal 336, ach ní chumhdófar léi suímh urrúsúcháin ná díorthaigh chreidmheasa don n-ú mainneachtain.

Féadfaidh an institiúid, faoi réir chead na n-údarás inniúil, rogha a dhéanamh na suímh chothromais liostaithe uile agus na suímh dhíorthacha atá bunaithe ar chothromas liostaithe a áireamh go comhsheasmhach. Tabharfar an cead má tá an cuimsiú sin comhsheasmhach leis an modh ina ndéanann an institiúid priacal a thomhas agus a bhainistiú go hinmheánach.

▼B

*Airteagal 374*

**Paraiméadair na samhla inmheánaí IRC**

1. Úsáidfidh na hinstitiúidí an tsamhail inmheánach chun uimhir a ríomh lena ndéantar caillteanais i ngeall ar mhainneachtain agus i ngeall ar imirce rátálacha inmheánacha nó seachtracha a thomhas ag an eatramh muiníne 99,9 % thar thréimhse ionchasach bliana. Ríomhfaidh institiúidí an uimhir sin go seachtainiúil ar a laghad.

2. Tacófar le toimhdí comhghaoil trí anailís a dhéanamh ar shonraí oibiachtúla i gcreat atá fónta ar bhonn coincheapúil. Léireofar go hiomchuí leis an tsamhail inmheánach comhchruinnithe eisitheora. Léireofar freisin comhchruinnithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn thar aicmí táirgí agus laistigh díobh faoi dhálaí struis.

3. Léireofar leis an tsamhail inmheánach IRC tionchar na gcomhghaolta idir teagmhais mhainneachtana agus teagmhais imirce. Ní léireofar tionchar na héagsúlachta idir, ar thaobh amháin, theagmhais mhainneachtana agus imirce agus, ar an taobh eile, fachtóirí priacal eile.

4. Beidh an tsamhail inmheánach bunaithe ar an toimhde go mbeidh leibhéal seasmhach priacal ann thar thréimhse ionchasach bliana, rud a chiallaíonn i gcás suíomh aonair áirithe sa leabhar trádála nó sraitheanna suíomh a raibh mainneachtain nó imirce thar a dtréimhse leachtachta ionchasach i gceist leo, go ndéantar iad a athchomhardú ag deireadh a dtréimhse leachtachta ionchasaí chun an leibhéal priacal tosaigh a bhaint amach. De rogha air sin, féadfaidh institiúid rogha a dhéanamh toimhde suímh sheasta bliana a úsáid go comhsheasmhach.

5. Socrófar na tréimhsí leachtachta ionchasacha de réir an ama a theastaíonn chun an suíomh a dhíol nó chun na priacail praghais ábhartha iomchuí uile a fhálú i margadh struis, agus tabharfar aird ar leith ar mhéid an tsuímh. Léireofar leis na tréimhsí leachtachta ionchasacha an cleachtas iarbhír agus an taithí le linn tréimhsí struis córasacha agus neamhghnácha araon. Déanfar an tréimhse leachtachta ionchasach a thomhas faoi thoimhdí coimeádacha agus beidh sé sách fada le nach mbeadh tionchar ábhartha ag an díol ná ag an bhfálú iontu féin ar an bpraghas ar a ndéanfaí an díol nó an fálú.

6. Tá socrú na tréimhse leachtachta ionchasaí iomchuí i leith suímh nó sraith suíomh faoi réir íostairsí trí mhí.

7. Agus an tréimhse leachtachta ionchasach iomchuí i leith suímh nó sraith suíomh á cinneadh, cuirfear beartais inmheánacha na hinstitiúide maidir le coigeartuithe luachála agus maidir le bainistíocht suíomh stálaithe san áireamh. Nuair a chinnfidh institiúid tréimhsí leachtachta ionchasacha i leith sraitheanna suíomh seachas i leith suíomh aonair, saineofar na critéir chun na sraitheanna suíomh a shainiú ar mhodh lena léirítear go fóinteach na difríochtaí leachtachta. Beidh na tréimhsí leachtachta ionchasacha níos mó i leith suíomh atá comhchruinnithe, rud a léiríonn an tréimhse níos faide a theastaíonn chun suímh mar sin a leachtú. Léireofar leis an tréimhse leachtachta ionchasach i leith stóras urrúsúcháin an t-am chun na sócmhainní a fhorbairt, a dhíol agus a urrúsú, nó chun na fachtóirí priacal ábhartha a fhálú, faoi dhálaí struis sa mhargadh.

▼B

*Airteagal 375*

**Fálú a aithint sa tsamhail inmheánach IRC**

1. Féadfar fálú a ionchorprú i samhail inmheánach institiúide chun priacail incriminteach mainneachtana agus imirce a ghabháil. Féadfar na suímh a ghlanluacháil i gcás ina dtagraítear don ionstraim airgeadais chéanna leis na suímh fhada agus na suímh ghearra. Éifeachtaí éagsúlaithe nó fálaithe a bhaineann le suímh fhada agus ghearra lena mbaineann ionstraimí éagsúla nó urrúis éagsúla den fhéichiúnaí céanna, ní féidir iad a aithint ach trí na suímh fhada agus ghearra sna hionstraimí éagsúla a shamhaltú go sainráite. Léireoidh na hinstitiúidí tionchar na priacail ábhartha a d'fhéadfadh tarlú le linn an eatraimh idir aibíocht an fhálaithe agus an tréimhse leachtachta ionchasach chomh maith leis an bhféidearthacht go dtarlódh priacail boinn suntasacha i straitéisí fálaithe, de réir na nithe seo a leanas: táirge, sinsearacht sa struchtúr caipitiúil, rátáil inmheánach nó sheachtrach, aibíocht, bliain/seanré, agus difríochtaí eile sna hionstraimí. Ní léireoidh institiúid fálú ach a mhéid is féidir é a chothabháil fiú amháin nuair atá oibleagáideoir ag druidim le teagmhas creidmheasa nó eile.

2. I gcás suímh atá fálaithe trí straitéisí fálaithe dinimiciúla, féadfar athchothromú an fhálaithe laistigh de thréimhse leachtachta ionchasach an tsuímh fhálaithe a aithint ar an gcoinníoll go ndéanann an institiúid mar a leanas:

(a) roghnaíonn sí athchothromú an fhálaithe a shamhaltú go comhsheasmhach thar shraith ábhartha na suíomh sa leabhar trádála;

(b) léiríonn sí go bhfuil tomhas priacal níos fearr ann mar thoradh ar athchothromú a chuimsiú;

(c) léiríonn sí go bhfuil na margaí i leith ionstraimí a fhónann mar fhálú sách leachtach le gur féidir athchothromú den sórt sin a dhéanamh fiú le linn tréimhsí struis. Déanfar aon phriacail iarmharacha a eascraíonn ó straitéisí fálaithe dinimiciúla a léiriú sa cheanglas cistí dílse.

*Airteagal 376*

**Ceanglais shonracha maidir leis an tsamhail inmheánach IRC**

1. Sa tsamhail inmheánach chun priacail incriminteacha mainneachtana agus imirce a ghabháil, léireofar tionchar neamhlíneach na roghanna, na ndíorthach creidmheasa struchtúrtha, agus na suíomh eile lena mbaineann iompar neamhlíneach ábhartha i leith athruithe i bpraghsanna. Beidh aird chuí ag an institiúid freisin ar mhéid an priacal de bharr samhaltaithe atá intuigthe i luacháil agus meastachán ar na priacail praghais a bhaineann le táirgí den sórt sin.

2. Beidh an tsamhail inmheánach bunaithe ar shonraí atá oibiachtúil agus cothrom le dáta.

▼B

3. Mar chuid den athbhreithniú agus den bhailíochtú neamhspleách ar a samhlacha inmheánacha arna n-úsáid chun críocha na Caibidle seo, chun críocha an chórais tomhais priacal go cuimsitheach, déanfaidh institiúid na nithe seo a leanas uile go háirithe:

(a) a bhailíochtú go bhfuil a cur chuige i leith shamhaltú na gcomhghaolta agus na n-athruithe i bpraghsanna oiriúnach dá punann, lena n-áirítear rogha agus ualuithe a fachtóirí priacal córasach;

(b) tástálacha struis éagsúla a dhéanamh, lena n-airítear anailís íogaireachta agus anailís ar chnámha scéil, chun réasúntacht chainníochtúil agus cháilíochtúil na samhla inmheánaí a mheasúnú, go háirithe maidir le láimhseáil comhchruinnithe. Ní bheidh tástálacha den sórt sin teoranta don réimse teagmhas a chonacthas go stairiúil;

(c) bailíochtú cainníochtúil iomchuí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear tagarmharcanna samhaltaithe inmheánacha iomchuí.

4. Beidh an tsamhail inmheánach comhsheasmhach le modheolaíochtaí inmheánacha um bainistíocht priacal na hinstitiúide arna n-úsáid chun priacail trádála a aithint, a thomhas agus a bhainistiú.

5. Déanfaidh institiúidí a samhlacha inmheánacha a dhoiciméadú ionas go mbeidh a toimhdí comhghaolaithe agus a toimhdí samhaltaithe eile trédhearcach do na húdaráis inniúla.

6. Beidh na hionadaigh coimeádach mar is cuí agus ní fhéadfar iad a úsáid ach amháin i gcás ina bhfuil na sonraí atá ar fáil neamhleor nó nach léirítear leo luaineacht fhíor an tsuímh nó na punainne. Ina theannta sin, comhlíonfar íoschaighdeáin sonraí leis an tsamhail inmheánach. Beidh na hionadaigh coimeádach mar is cuí agus ní fhéadfar iad a úsáid ach amháin i gcás ina bhfuil na sonraí atá ar fáil neamhleor nó nach léirítear leo luaineacht fhíor an tsuímh nó na punainne.

## Roinn 5

## Samhail inmheánach maidir le trádáil chomhghaoil

*Airteagal 377*

### Ceanglais i leith samhla inmheánaí maidir le trádáil chomhghaoil

1. Tabharfaidh na húdaráis inniúla cead d'institiúidí úsáid a bhaint as samhail inmheánach chun a gceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh na punainne trádála comhghaoil seachas i gcomhréir le hAirteagal 338 má tá cead ag na hinstitiúidí sin samhail inmheánach a úsáid le haghaidh priacal sonrach na n-ionstraimí fiachais agus má chomhlíonann siad na ceanglais i míreanna 2 go 6 agus den Airteagal seo agus in Airteagail 367(1) agus(3), Airteagal 368, Airteagal 369 (1) agus pointí (a), (b), (c), (e) agus (f) d'Airteagal 370.

▼B

2. Úsáidfidh institiúidí an tsamhail inmheánach sin chun uimhir a ríomh lena ndéantar priacail praghais uile a thomhas go leormhaith ag an eatramh muiníne 99,9 % thar thréimhse ionchasach ama bliana faoi thoimhde de leibhéal seasmhach priacal, agus arna oiriúnú nuair is iomchuí chun tionchar leachtachta, comhchruinnithe, fálaithe agus roghnaíochta a léiriú. Ríomhfaidh institiúidí an uimhir sin go seachtainiúil ar a laghad.

3. Beidh na priacail a leanas gafa go leormhaith ag an tsamhail dá dtagraítear i mír 1:

(a) an priacal carnach a thagann as mainneachtainí iolracha i dtáirgí i dtráinsí, lena n-áirítear mainneachtainí á gcur in eagar ar mhodhanna éagsúla;

(b) priacal um raon difríochta creidmheasa, lena n-áirítear na héifeachtaí gáma agus trasgháma;

(c) luaineacht na gcomhghaol intuigthe, lena n-áirítear an cros-éifeacht idir raonta difríochta agus comhghaolta;

(d) priacal boinn, lena n-áirítear an dá priacal boinn a leanas araon;

(i) an bonn idir raon difríochta innéacs agus raon difríochta sin a n-aonainmneacha comhpháirteacha;

(ii) an bonn idir comhghaol intuigthe innéacs agus comhghaol sin na bpunann saincheaptha;

(e) luaineacht sa rátáil téarnaimh, mar a bhaineann sí leis an gclaonadh ag rátaí téarnaimh tionchar a bheith acu ar phraghsanna i dtráinsí;

(f) a mhéid a ionchorpraítear buntáistí ó fhálú dinimiciúil sa bheart cuimsitheach priacal, an priacal go dtarlódh sciorradh fálaithe agus costais fhéideartha a bhainfeadh le hathchothromú an fhálaithe sin;

(g) aon priacail praghais ábhartha eile i suímh sa phunann trádála comhghaoil.

4. Úsáidfidh institiúid sonraí margaidh leordhóthanacha laistigh den tsamhail dá dtagraítear i mír 1 d'fhonn a áirithiú go ngabhtar léi go hiomlán priacail suntasacha na risíochtaí sin ina cur chuige inmheánach i gcomhréir leis na ceanglais atá leagtha amach san Airteagal seo. Beidh sí in ann a léiriú don údarás inniúil trí iarthástáil nó trí mhodhanna iomchuí eile gur féidir athrú stairiúil i bpraghsanna na dtáirgí sin a mhíniú go hiomchuí lena samhail.

Beidh beartais agus nósanna imeachta iomchuí ag an institiúid d'fhonn na suímh a bhfuil cead aici a ionchorprú sa cheanglas cistí dílse de réir an Airteagail seo a idirdhealú ó shuímh eile nach bhfuil an cead sin aici ina leith.

▼B

5. Maidir leis an bpunann de na suímh uile atá ionchorpraithe sa tsamhail dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh an institiúid sraith cásanna struis sonracha, réamhshocraithe i bhfeidhm go rialta. Scrúdófar leis na cásanna struis sin éifeachtaí struis ar na nithe seo a leanas: rátaí mainneachtana, rátaí téarnaimh, raonta difríochta creidmheasa, priacal boinn, comhghaolta agus fachtóirí priacal iomchuí eile don phunann trádála comhghaoil. Cuirfidh an institiúid cásanna struis i bhfeidhm go seachtainiúil ar a laghad agus tabharfaidh sí fógra ráithiúil ar a laghad do na húdaráis inniúla maidir leis na torthaí, lena n-áirítear comparáidí le ceanglas cistí dílse na hinstitiúide de réir an Airteagail sin. Tabharfar fógra do na húdaráis inniúla ar mhodh tráthúil maidir le haon chásanna ina dtaispeántar le torthaí na tástála struis go bhfuil an ceanglas cistí dílse sáraithe go hábhartha. Eiseoidh ÚBE treoirlínte maidir le cásanna struis a chur i bhfeidhm don phunann trádála comhghaoil.

6. Beidh na hionadaigh coimeádach mar is cuí agus ní fhéadfar iad a úsáid ach amháin i gcás ina bhfuil na sonraí atá ar fáil neamhleor nó nach léirítear leo luaineacht fhíor an tsuímh nó na punainne. Ina theannta sin, comhlíonfar íoschaighdeáin sonraí leis an tsamhail inmheánach. Beidh na hionadaigh coimeádach mar is cuí agus ní fhéadfar iad a úsáid ach amháin i gcás ina bhfuil na sonraí atá ar fáil neamhleor nó nach léirítear leo luaineacht fhíor an tsuímh nó na punainne.

## TEIDEAL V

## CEANGLAIS CISTÍ DÍLSE LE HAGHAIDH PRIACAL SOCRAÍOCHTA

*Airteagal 378*

### Priacal socraíochta/seachadta

I gcás ina bhfuil ionstraimí fiachais, cothromas, airgeadraí eachtracha agus tráchtearraí atá in idirbheart, cé is moite d'idirbhearta athcheannaigh agus d'idirbhearta iasachtaithe agus iasachtaíochta i leith urrús nó tráchtearraí, neamhshocraithe tar éis a ndátaí seachadta dlite, déanfaidh institiúid an difríocht sna praghsanna ar a bhfuil sí ar ris a ríomh.

Déantar an difríocht sna praghasanna a ríomh mar an difríocht idir an praghas socraíochta arna aontú i leith na hionstraime fiachais, an chothromais, an airgeadra eachtraigh nó an tráchtearra atá i gceist agus a luach reatha margaidh, i gcás ina bhféadfadh caillteanas don institiúid chreidmheasa a bheith mar thoradh ar an difríocht.

Déanfaidh an institiúid an difríocht sin i bpraghsanna a iolrú faoin bhfachtóir iomchuí sa cholún deas de Thábla 1 a leanas, d'fhonn ceanglas cistí dílse na hinstitiúide le haghaidh priacal socraíochta a ríomh.

*Tábla 1*

| Líon na laethanta oibre tar éis an dáta socraíochta dhlite | (%) |
|---|---|
| 5 — 15 | 8 |
| 16 — 30 | 50 |
| 31 — 45 | 75 |
| 46 nó níos mó | 100 |

▼B

*Airteagal 379*

**Seachadtaí saor in aisce**

1. Beidh ceangal ar an institiúid a cistí dílse a shealbhú, mar atá leagtha amach i dTábla 2, i gcás ina dtarlaíonn na nithe seo a leanas:

(a) d'íoc sí as urrúis, airgeadraí eachtracha nó tráchtearraí sula bhfuair sí iad nó tá urrúis, airgeadraí eachtracha nó tráchtearraí seachadta aici roimh di íocaíocht a fháil ina leith;

(b) i gcás idirbheart trasteorann, tá lá amháin ar a laghad caite ó rinne sí an íocaíocht nó an seachadadh sin.

*Tábla 2*

**Láimhseáil caipitil maidir le seachadtaí saor in aisce**

| Colún 1 | Colún 2 | Colún 3 | Colún 4 |
|---|---|---|---|
| Cineál idirbhirt | Suas go dtí an chéad íocaíocht chonarthach nó an chéad chéim den seachadadh | Ón gcéad íocaíocht chonarthach nó ón gcéad chéim den seachadadh suas go ceithre lá tar éis an dara híocaíocht chonarthach nó an dara céim den seachadadh | Ó 5 lá gnó tar éis an dara híocaíocht chonarthach nó an dara céim den seachadadh go dtí múchadh an idirbhirt |
| Seachadadh saor in aisce | Muirear caipitiúil ar bith | Láimhseáil mar neamhchosaint | Láimhseáil mar risíocht ar phriacal ualaithe ag 1 250 % |

2. Agus ualú priacal á chur i bhfeidhm maidir le risíochtaí seachadta saor in aisce arna láimhseáil de réir Cholún 3 de Thábla 2, féadfaidh institiúid a úsáideann an Cur Chuige Inmheánach Bunaithe ar Rátálacha atá leagtha amach i gCuid a Trí, Teideal II, Caibidil 3 PDanna a shannadh do chontrapháirtithe, nach bhfuil risíocht leabhair neamhthrádála eile aici ina leith, ar bhonn rátáil sheachtrach an chontrapháirtí. Féadfaidh institiúidí a úsáideann a meastacháin féin ar 'LGDanna' an LGD atá leagtha amach in Airteagal 161(1) a chur i bhfeidhm maidir le risíochtaí seachadta saor in aisce arna láimhseáil de réir Cholún 3 de Thábla 2 ar an gcoinníoll go gcuireann siad i bhfeidhm é maidir le risíochtaí uile den sórt sin. De rogha air sin, féadfaidh institiúid a úsáideann an Cur Chuige Inmheánach Bunaithe ar Rátálacha atá leagtha amach i gCuid a Trí, Teideal II, Caibidil 3 ualuithe priacal an Chur Chuige Chaighdeánaithe a chur i bhfeidhm, mar atá leagtha amach i gCuid a Trí, Teideal II, Caibidil 2 ar an gcoinníoll go gcuireann sí i bhfeidhm iad maidir le risíochtaí uile den sórt sin nó féadfaidh sí ualú priacal 100 % a chur i bhfeidhm maidir le risíochtaí uile den sórt sin.

Mura bhfuil méid na risíochta deimhní a eascraíonn ó idirbhearta seachadta saor in aisce ábhartha, féadfaidh institiúidí ualú priacal 100 % a chur i bhfeidhm maidir leis na risíochtaí sin, cé is moite den chás in a bhfuil ualú priacal 1 250 % riachtanach de réir Cholún 4 de Thábla 2 i mír 1.

3. De rogha ar ualú priacal 1 250 % a chur i bhfeidhm maidir le risíochtaí seachadta saor in aisce de réir Cholún 4 de Thábla 2 i mír 1, féadfaidh institiúidí an luach aistrithe móide risíocht dheimhneach reatha na risíochtaí sin a asbhaint ó mhíreanna de Ghnáthchothromas Leibhéal 1 i gcomhréir le pointe (k) d'Airteagal 36(1).

▼B

*Airteagal 380*

**Tarscaoileadh**

I gcás ina dtarlaíonn cliseadh ar fud an chórais i gcóras socraíochta nó imréitigh, nó contrapháirtí lárnaigh, féadfaidh údaráis inniúla na ceanglais cistí dílse arna ríomh mar a leagtar amach in Airteagal 378 agus Airteagal 379 a tharscaoileadh go dtí go mbeidh an cás ceartaithe. Sa chás sin, ní mheasfar gur mainneachtain chun críocha priacal chreidmheasa í mainneachtain an chontrapháirtí trádáil a shocrú.

TEIDEAL VI

**CEANGLAIS CISTÍ DÍLSE LE HAGHAIDH PRIACAL UM CHOIGEARTÚ LUACHÁLA CREIDMHEASA**

*Airteagal 381*

**An Bhrí atá le Coigeartú Luachála Creidmheasa**

Chun críocha an Teidil seo agus Chaibidil 6 de Theideal II, ciallaíonn 'Coigeartú Luachála Creidmheasa' nó 'CVA' coigeartú ar luacháil mheánmhargaidh na punainne idirbheart le contrapháirtí. Léirítear leis an gcoigeartú sin margadhluach reatha priacal creidmheasa an chontrapháirtí i leith na hinstitiúide, ach ní léirítear leis margadhluach reatha priacal creidmheasa na hinstitiúide i leith an chontrapháirtí.

*Airteagal 382*

**Raon Feidhme**

1. Ríomhfaidh institiúid na ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal $C_{VA}$i gcomhréir leis an Teideal seo i leith ionstraimí díorthacha thar an gcuntar uile i dtaca lena gníomhaíochtaí gnó uile, cé is moite de dhíorthaigh chreidmheasa arna n-aithint chun méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a laghdú i leith priacal creidmheasa.

2. Agus cistí dílse a cheanglaítear le mír 1 á ríomh aici, cuirfidh institiúid idirbhearta um maoiniú urrús san áireamh má chinneann an t-údarás inniúil gur ábhartha iad risíochtaí na hinstitiúide ar priacal $C_{VA}$a thagann as na hidirbhearta sin.

3. Beidh idirbhearta le contrapháirtí lárnach cáilitheach agus idrbhearta cliaint le comhalta imréitigh, i gcás ina ngníomhaíonn an comhalta imréitigh mar idirghabhálaí idir an cliant agus contrapháirtí lárnach cáilitheach agus ina dtiocfaidh risíocht trádála an chomhalta imréitigh i leith an chontrapháirtí lárnaigh cháilithigh de bharr na n-idirbheart, beidh na hidirbhearta sin eisiata ó na ceanglais cistí dílse le haghaidh an priacal CVA.

4. Eisiafar na hidirbhearta seo a leanas ó na ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal CVA.

▼B

(a) idirbhearta le contrapháirtithe neamhairgeadais mar atá sainmhínithe i bpointe (9) d'Airteagal 2 i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, nó le contrapháirtithe neamhairgeadais atá bunaithe i dtríú tír, i gcás nach sáraíonn na hidirbhearta sin an tairseach imréitigh mar atá sonraithe in Airteagal 10(3) agus (4) den Rialachán sin.

▼M9

(b) idirbhearta laistigh de ghrúpa dá bhforáiltear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ach amháin i gcás ina nglacfaidh Ballstáit dlí náisiúnta lena n-éilítear deighilt struchtúrach laistigh de ghrúpa baincéireachta agus, sa chás sin, féadfaidh údaráis inniúla a éileamh go n-áireofar na hidirbhearta sin laistigh de ghrúpa, idir na heintitis struchtúracha deighilte, sna ceanglais cistí dílse;

▼B

(c) idirbhearta le contrapháirtithe dá dtagraítear i bpointe (10) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus faoi réir fhorálacha idirthréimhseacha a leagtar amach in Airteagal 89 (1)den Rialachán sin go dtí go scoirfear de na forálacha idirthréimhseacha sin a chur i bhfeidhm;

▼C2

(d) idirbhearta le contrapháirtithe dá dtagraítear in Airteagal 1(4) agus (5) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus idirbhearta le contrapháirtithe a sonraítear, maidir le risíochtaí ar na contrapháirtithe sin, ualach priacal 0 % ina leith le hAirteagal 114(4) agus le hAirteagal 115(2) den Rialachán seo.

An díolúine ón táille priacal CLC maidir leis na hidirbhearta sin dá dtagraítear i bpointe (c) den mhír seo a dhéanfar le linn na hidirthréimhse atá leagtha síos in Airteagal 89 (1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, beidh feidhm aici fad a mhaireann conradh an idirbhirt sin.

Maidir le pointe (a), i gcás ina scoireann institiúid de dhíolúine a bheith aici tríd an tairseach díolúine a thrasnú nó mar gheall ar athrú sa tairseach díolúine, leanfaidh conarthaí atá gan íoc de dhíolúine a bheith acu go dtí dáta a n-aibíochta.

5. Déanfaidh ÚBE athbhreithniú faoin 1 Eanáir 2015 agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin, i bhfianaise forbairtí rialála idirnáisiúnta agus modheolaíochtaí ionchasacha faoi chalabrúcháin agus thairseacha a áireamh le haghaidh táillí priacal CLC a chur i bhfeidhm ar chontrapháirtithe neamhairgeadais ón tríú tír.

Forbróidh ÚBE i gcomhar le ÚEUM, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na nósanna imeachta a shonrú le haghaidh idirbhearta contrapháirtithe neamhairgeadais a bunaíodh lasmuigh den Aontas i dtríú tír a eisiamh ón gceanglas maidir le cistí dílse le haghaidh táille priacal CVA.

Soláthróidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin laistigh de 6 mhí ón dáta a ndéanfar an t-athbhreithniú dá dtagráitear sa chéad fhomhír.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a ghlacadh agus na nósanna imeachta á sonrú i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.]

▼B

*Airteagal 383*

**Ardmhodh**

1. Institiúid a bhfuil cead aici samhail inmheánach a úsáid maidir le priacal sonrach na n-ionstraimí fiachais i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 363(1), déanfaidh sí, i gcás na n-idirbheart uile a bhfuil cead aici an IMM a úsáid ina leith chun luach risíochta a chinneadh maidir leis an risíocht ghaolmhar ar priacal creidmheasa an chontrapháirtí i gcomhréir le hAirteagal 283, na ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal CLC a chinneadh trí thionchar na n-athruithe i raonta difríochta na gcontrapháirtithe ar CLCanna chontrapháirtithe uile na n-idirbheart sin a shamhaltú, ag cur fálú CLC atá incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 386 san áireamh.

Úsáidfidh institiúid a samhail inmheánach chun na ceanglais cistí dílse le haghaidh an phriacail shonraigh a bhaineann le suímh fiachais trádáilte a chinneadh agus cuirfidh sí eatramh muiníne 99 % i bhfeidhm agus tréimhse choibhéiseach sealbhaíochta 10 lá. Úsáidfear an tsamhail inmheánach ar shlí ina spreagtar athruithe i raonta difríochta na gcontrapháirtithe, ach nach samhaltaítear le híogaireacht an CLC d'athruithe i bhfachtóirí margaidh eile, lena n-áirítear i luach sócmhainne tagartha, tráchtearra, airgeadra nó ráta úis díorthaigh.

Déanfar ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal CLC a ríomh i leith gach contrapháirtí i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$CVA = LGD_{MKT} \cdot \sum_{i=1}^{T} \max \left\{ 0, \exp\left( -\frac{s_{i-1} \cdot t_{i-1}}{LGD_{MKT}} \right) - \exp\left( -\frac{s_i \cdot t_i}{LGD_{MKT}} \right) \right\} \cdot \frac{EE_{i-1} \cdot D_{i-1} + EE_i \cdot D_i}{2}$$

nuair atá:

$t_i$ = tráth an i-ú hathluacháil, ag tosú ag t0=0;

$t_T$ = an aibíocht chonarthach is faide thar na tacair ghlanluachála leis an gcontrapháirtí;

$s_i$ = raon difríochta an chontrapháirtí ag éirim ti, arna húsáid chun CLC an chontrapháirtí a ríomh. I gcás ina bhfuil raon difríochta bhabhtáil mainneachtana creidmheasa an chontrapháirtí ar fáil, úsáidfidh an institiúid an raon difríochta sin. I gcás nach bhfuil an raon difríochta sin maidir le babhtáil mainneachtana creidmheasa ar fáil, úsáidfidh an institiúid raon difríochta ionadach atá iomchuí ag féachaint do rátáil, do thionscal agus do réigiún an chontrapháirtí;

$LGD_{MKT}$ = LGD an chontrapháirtí a bheidh bunaithe ar raon difríochta ionstraim mhargaidh an chontrapháirtí má tá ionstraim contrapháirtí ar fáil. I gcás nach bhfuil ionstraim contrapháirtí ar fáil, beidh sé bunaithe ar an raon difríochta atá iomchuí ag féachaint do rátáil, do thionscal agus do réigiún an chontrapháirtí.

▼B

Tá an chéad fhachtóir laistigh den tsuim in ionannas le neastachán maidir leis an dóchúlacht imeallach intuigthe ón margadh go dtarlódh mainneachtain idir tráthanna $t_{i-1}$agus $t_i$;

$EE_i$ = an risíocht ionchasach ar an gcontrapháirtí tráth na hathluachála ti, i gcás ina suimítear risíochtaí na dtacar glanluachála éagsúla don chontrapháirtí sin, agus i gcás ina dtugtar aibíocht is faide gach tacair ghlanluachála de réir na haibíochta conarthaí is faide laistigh den tacar glanluachála; Cuirfidh institiúid an láimhseáil a leagtar amach i mír 3 i gcás trádála faoi chumhdach corrlaigh i bhfeidhm, má úsáideann an institiúid an tomhas EPE dá dtagraítear i bpointe (a) nó i bpointe (b) d'Airteagal 285(1) maidir le trádálacha faoi chumhdach corrlaigh;

$D_i$ = an fachtóir lascaine saor ó priacal um mainneachtain ag tráth ti mar a bhfuil $D_0$=1.

2. Nuair atá ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal CLC i leith contrapháirtí á ríomh, bunóidh an institiúid gach ionchur ina samhail inmheánach maidir le priacal sonrach i leith ionstraimí fiachais ar na foirmlí seo a leanas (cibé acu is iomchuí):

(a) i gcás ina bhfuil an tsamhail bunaithe ar athphraghsáil iomlán, déanfar an fhoirmle i mír 1 a úsáid go díreach;

(b) i gcás ina bhfuil an tsamhail bunaithe ar íogaireachtaí na raonta difríochta creidmheasa maidir le héirimí sonracha, bunóidh an institiúid gach íogaireacht i raon difríochta creidmheasa ('CS01 Rialála') ar an bhfoirmle seo a leanas:

$$Regulatory\ CS01_i = 0.0001 \cdot t_i \cdot \exp\left(-\frac{s_i \cdot t_i}{LGD_{MKT}}\right) \cdot \frac{EE_{i-1} \cdot D_{i-1} - EE_{i+1} \cdot D_{i+1}}{2}$$

Don aga deiridh i=T, tá an fhoirmle chomhfhreagrach mar a leanas;

$$Regulatory\ CS01_T = 0.0001 \cdot t_T \cdot \exp\left(-\frac{s_T \cdot t_T}{LGD_{MKT}}\right) \cdot \frac{EE_{T-1} \cdot D_{T-1} + EE_T \cdot D_T}{2}$$

(c) i gcás ina n-úsáideann an tsamhail íogaireachtaí na raonta difríochta creidmheasa d'athruithe comhthreomhara i raonta difríochta creidmheasa, úsáidfidh an institiúid an fhoirmle seo a leanas:

$$Regulatory\ CS01 = 0.0001 \cdot \sum_{i=1}^{T} \left(t_i \cdot \exp\left(-\frac{s_i \cdot t_i}{LGD_{MKT}}\right) - t_{i-1} \cdot \exp\left(-\frac{s_{i-1} \cdot t_{i-1}}{LGD_{MKT}}\right)\right) \cdot \frac{EE_{i-1} \cdot D_{i-1} + EE_i \cdot D_i}{2}$$

▼B

(d) i gcás ina n-úsáideann an tsamhail íogaireachtaí den dara hord d'athruithe i raonta difríochta creidmheasa (raon difríochta gáma), ríomhfar na difríochtaí gáma bunaithe ar an bhfoirmle i mír 1.

3. Institiúid atá ag úsáid an tomhas EPE maidir leis na díorthaigh chomhthaobhaithe thar an gcuntar dá dtagraítear i bpointe (a) nó i bpointe (b) d'Airteagal 285(1), déanfaidh sí na nithe seo a leanas araon agus í ag cinneadh ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal CLC i gcomhréir le mír 1:

(a) glacfaidh sí le próifíl EE sheasta;

(b) socróidh sí EE cothrom leis an risíocht ionchasach iarbhír arna ríomh faoi Airteagal 285(1)(b) i leith aibíochta atá cothrom leis an gceann is mó de na cinn a leanas:

(i) leath na haibíochta is faide sa tacar glanluachála;

(ii) meánaibíocht ualaithe bharúlach na n-idirbheart uile laistigh den tacar glanluachála.

4. Institiúid a bhfuil cead aici ón údarás inniúil de réir Airteagal 283 IMM a úsáid chun luach na risíochta a ríomh maidir leis an gcuid is mó dá gnó, ach a úsáideann na modhanna atá leagtha amach i Roinn 3, Roinn 4 nó Roinn 5 de Theideal II, Caibidil 6 i leith punann níos lú, agus a gceadaítear di an tsamhail inmheánach i leith priacal margaidh a úsáid maidir leis an bpriacal sonrach ionstraimí fiachais i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 363(1), féadfaidh sí, faoi réir chead na n-údarás inniúil, ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal $C_{VA}$a ríomh i gcomhréir le mír 1 i leith na dtacar glanluachála neamh-IMM. Ní thabharfaidh údaráis inniúla an cead sin ach i gcás ina n-úsáideann an institiúid na modhanna atá leagtha amach i Roinn 3, Roinn 4 nó Roinn 5 de Theideal II, Caibidil 6 maidir le líon teoranta de na punanna níos lú.

Chun críocha ríomha faoin bhfomhír roimhe seo agus i gcás nach dtáirgtear próifíl risíochta ionchasach leis an tsamhail IMM, déanfaidh an institiúid na nithe seo a leanas araon:

(a) glacfaidh sí le próifíl EE sheasta;

(b) socróidh sí EE cothrom le luach na risíochta arna ríomh faoi na modhanna atá leagtha amach i Roinn 3, Roinn 4 nó Roinn 5 de Theideal II, Caibidil 6, nó IMM i leith aibíochta cothrom leis an gceann is mó de na cinn a leanas:

(i) leath na haibíochta is faide sa tacar glanluachála;

(ii) meánaibíocht ualaithe bharúlach na n-idirbheart uile laistigh den tacar glanluachála.

▼B

5. Cinnfidh institiúid na ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal $C_{VA}$i gcomhréir le hAirteagal 364(1), Airteagal 365, agus Airteagal 367 mar shuim an Luacha faoi Phriacal neamhstruis agus an Luacha faoi Phriacal struis, a ríomhfar mar a leanas:

(a) maidir leis an Luach faoi Phriacal neamhstruis, úsáidfear calabrúcháin paraiméadar reatha mar atá leagtha amach sa chéad fhomhír d'Airteagal 292(2), maidir leis an risíocht ionchasach;

(b) maidir leis an Luach faoi Phriacal struis, úsáidfear próifílí EE contrapháirtithe todhchaí lena n-úsáidtear calabrúchán struis mar atá leagtha amach sa dara fomhír d'Airteagal 292(2). Is í an tréimhse struis bliana is déine atá ar áireamh laistigh den tréimhse struis trí bliana arna húsáid i leith na bparaiméadar risíochta an tréimhse struis a úsáidfear i leith na bparaiméadar raon difríochta creidmheasa;

▼C2

(c) beidh feidhm sna ríomhaireachtaí seo ag an fachtóir iolrúcháin trí huaire a úsáidtear chun ceanglais cistí dílse a ríomh bunaithe ar Luach faoi Phriacal agus ar Luach faoi Phriacalstruis i gcomhréir le 354(1). Déanfaidh ÚBE faireachán maidir le comhsheasmhacht ar aon rogha mhaoirseachta a úsáidtear chun fachtóir iolrúcháin níos airde ná an fachtóir iolrúcháin trí huaire sin a chur i bhfeidhm ar an mbanna Luach faoi Phriacal agus ionchuir Luach faoi Phriacal struis ar an muirear priacal CVA. Soláthróidh na húdaráis inniúla a chuireann i bhfeidhm fachtóir iolrúcháin níos airde ná na trí cinn sin údarú i scríbhinn do ÚBE;

▼B

(d) déanfar an ríomh ar bhonn míosa ar a laghad agus ríomhfar an EE a úsáidfear ar an minicíocht chéanna. Más minicíocht níos lú ná minicíocht laethúil a úsáidtear, tógfaidh institiúidí an meán thar thréimhse trí mhí chun críocha an ríomha a shonraítear i bpointí (a)(ii) agus (b)(ii) d'Airteagal 364 (1).

6. Maidir le risíochtaí ar chontrapháirtí, nach dtáirgtear raon difríochta dóibh le samhail inmheánach Luach faoi Phriacal na hinstitiúide maidir le priacal sonrach ionstraimí fiachais atá iomchuí ag féachaint do na critéir rátála, tionsclaíocha agus réigiúnacha an chontrapháirtí, bainfidh an institiúid leas as an modh a leagtar amach in Airteagal 384 chun ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal $C_{VA}$a ríomh.

7. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na nithe seo a leanas a shonrú níos mionsonraithe:

(a) an chaoi ina ndéanfar raon difríochta a chinneadh le samhail inmheánach fhormheasta Luach faoi Phriacal na hinstitiúide maidir le priacal sonrach ionstraimí fiachais chun críocha si agus $LGD_{MKT}$ dá dtagraítear in alt 1, a shainaithint;

(b) líon agus méid na bpunann lena gcomhlíontar an critéar maidir le líon teoranta de phunanna níos lú dá dtagraítear i mír 4.

▼B

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Eanáir 2014.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 384*

**Modh caighdeánaithe**

1. Institiúid nach ríomhann ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal $C_{VA}$i leith a comhpháirtithe i gcomhréir le hAirteagal 383, ríomhfaidh sí ceanglais cistí dílse punainne le haghaidh priacal $C_{VA}$i leith gach contrapháirtí i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas, agus cuirfidh sí fálú $C_{VA}$atá incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 386 san áireamh:

$$K = 2.33 \cdot \sqrt{h} \cdot \sqrt{\left(\sum_i 0.5 \cdot w_i \cdot \left(M_i \cdot EAD_i^{total} - M_i^{hedge} B_i\right) - \sum_{ind} w_{ind} \cdot M_{ind} \cdot B_{ind}\right)^2 + \sum_i 0.75 \cdot w_i^2 \cdot \left(M_i \cdot EAD_i^{total} - M_i^{hedge} B_i\right)^2}$$

nuair atá:

h = tréimhse ionchasach priacal bliana (in aonaid de bhlianta);

h = 1;

$w_i$ = an t-ualú is infheidhme maidir le contrapháirtí "i".

Mapálfar contrapháirtí "i" go ceann de na sé ualú wi bunaithe ar mheasúnú creidmheasa seachtrach arna dhéanamh ag IMCS ainmnithe, mar atá leagtha amach i dTábla 1. Maidir le contrapháirtí nach bhfuil measúnú creidmheasa a rinne IMCS ainmnithe ar fáil ina leith:

(a) déanfaidh institiúid a úsáideann an cur chuige i dTeideal II, Caibidil 3 rátáil inmheánach an chontrapháirtí a mhapáil go ceann de na measúnuithe creidmheasa seachtracha;

(b) déanfaidh institiúid a úsáideann an cur chuige i dTeideal II, Caibidil 2 wi=1.0 % a shannadh don chontrapháirtí sin; I gcás ina n-úsáideann institiúid Airteagal 128, áfach, chun risíochtaí priacal creidmheasa contrapháirtithe a ualú ó thaobh priacal don chontrapháirtí sin, déanfar wi=3.0 % a shannadh.

▼M8

$EAD_i^{total}$ = luach iomlán risíochta ar phriacal creidmheasa chontrapháirtí ‘i’ (suimithe thar a dtacair ghlanluachála) lena n-áirítear éifeacht na comhthaobhachta i gcomhréir leis na modhanna a leagtar síos i Ranna 3 go 6 de Chaibidil 6 de Theideal II de mar is infheidhme i dtaca le ceanglais maidir le cistí dílse le haghaidh priacal creidmheasa contrapháirtí a ríomh i leith an chontrapháirtí sin.

▼B

I gcás institiúide nach n-úsáideann an modh atá leagtha amach i Roinn 6 de Theideal II, Caibidil 6, déanfar an risíocht a lascainiú tríd an gcomhéifeacht a leanas a chur i bhfeidhm:

$$\frac{1 - e^{-0.05 \cdot M_i}}{0.05 \cdot M_i}$$

$B_i$ = méid barúlach na bhfáluithe de bhabhtáil mainneachtana creidmheasa ceannaithe aonainm (suimithe má tá níos mó ná suíomh amháin i gceist) lena ndéantar tagairt do chontrapháirtí "i" agus arna úsáid chun priacal $C_{VA}$a fhálú.

▼B

Déanfar an méid barúlach a lascainiú tríd an gcomhéifeacht a leanas a chur i bhfeidhm:

$$\frac{1 - e^{-0.05 \cdot M_i^{hedge}}}{0.05 \cdot M_i^{hedge}}$$

$B_{ind}$ = méid barúlach iomlán de bhabhtáil mainneachtana creidmheasa innéacs amháin nó níos mó de chosaint cheannaithe chun priacal $C_{VA}$a fhálú.

Déanfar an méid barúlach a lascainiú tríd an gcomhéifeacht a leanas a chur i bhfeidhm:

$$\frac{1 - e^{-0.05 \cdot M_{ind}}}{0.05 \cdot M_{ind}}$$

$W_{ind}$ = an t-ualach is infheidhme maidir le fálú innéacsanna.

Déanfaidh institiúid Wind a chinneadh trí mheán ualaithe de w; a ríomh atá infheidhme ar chomhábhair aonair an innéacs;

$M_i$ = aibíocht iarbhír na n-idirbheart le contrapháirtí i.

I gcás institiúide a úsáideann an modh atá leagtha amach i Roinn 6 de Theideal II, Caibidil 6, ríomhfar Mi i gcomhréir le hAirteagal 162(2)(g). Mar sin féin, chun na críche sin, ní chuirfear uasteorainn cúig bliana le Mi ach cuirfear í de réir na haibíochta conarthaí is faide a bheidh fágtha sa tacar glanluachála;

I gcás institiúide nach n-úsáideann an modh atá leagtha amach i Roinn 6 de Theideal II, Caibidil 6 is é Mi an mheánaibíocht bharúlach ualaithe dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 162(2); Mar sin féin, chun na críche sin, ní chuirfear uasteorainn cúig bliana le Mi ach cuirfear í de réir na haibíochta conarthaí a bheidh fágtha sa tacar glanluachála;

$M_i^{hedge}$ = aibíocht na hionstraime fálaithe le Bi barúlach (ní mór na méideanna Mihedge Bi a shuimiú má tá níos mó ná suíomh amháin i gceist);

$M_{ind}$ = aibíocht an fhálaithe innéacs

I gcás ina bhfuil níos mó ná suíomh fálaithe innéacs amháin i gceist, is é Mind an aibíocht ualaithe go barúlach.

2. I gcás ina bhfuil contrapháirtí ar áireamh in innéacs a bhfuil babhtáil mainneachtana creidmheasa arna húsáid chun priacal creidmheasa an chontrapháirtí a fhálú bunaithe air, féadfaidh an institiúid an méid barúlach atá inchurtha i leith an chontrapháirtí sin i gcomhréir lena ualú eintitis tagartha a asbhaint ó mhéid barúlach an innéacs CDS agus é a láimhseáil mar fhálú aonainm (Bi) an chontrapháirtí aonair le haibíocht bunaithe ar aibíocht an innéacs.

▼B

*Tábla 1*

| Céim na cáilíochta creidmheasa | Ualú $w_i$ |
|---|---|
| 1 | 0,7 % |
| 2 | 0,8 % |
| 3 | 1,0 % |
| 4 | 2,0 % |
| 5 | 3,0 % |
| 6 | 10,0 % |

▼M8

*Airteagal 385*

**Malairt ar mhodhanna CVA a úsáid le ceanglais cistí dílse a ríomh**

Mar mhalairt ar Airteagal 384, le haghaidh ionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 382 agus faoi réir toiliú roimh ré ón údarás inniúil, féadfaidh institiúidí ina n-úsáidtear Modh na Risíochta Tosaigh a leagtar síos in Airteagal 282, fachtóir iolrúcháin 10 a chur i bhfeidhm ar na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a thiocfaidh as le haghaidh priacal creidmheasa an chontrapháirtí le haghaidh na risíochtaí sin, in ionad ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal CVA a ríomh.

▼B

*Airteagal 386*

**Fálú incháilithe**

1. Ní 'fálú incháilithe' a bheidh i bhfálú ar mhaithe le ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal $C_{VA}$a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 383 agus Airteagal 384 ach amháin nuair a úsáidtear é ar mhaithe le priacal $C_{VA}$a mhaolú agus nuair a bhainistítear é ar an dóigh sin, agus más ceann de na cinn seo a leanas é:

(a) babhtálacha mainneachtana creidmheasa aonainm nó ionstraimí fálaithe coibhéiseacha lena ndéantar tagairt dhíreach don chontrapháirtí;

▼C2

(b) babhtálacha mainneachtana creidmheasa innéacs, ar an gcoinníoll go léirítear chun sástachta an údaráis inniúil, sa Luach Faoi Phriacal agus sa Luach Faoi Phriacal faoi strus an bonn idir aon raon difríochta contrapháirtí aonair agus raonta difríochta na bhfáluithe um babhtáil mainneachtana creidmheasa innéacs.

▼B

►C2 An ceanglas i bpointe (b), is é sin nach mór go léireodh an Luach Faoi Phriacal agus an Luach Faoi Phriacal faoi strus an bonn idir aon raon difríochta contrapháirtí aonair agus raonta difríochta na bhfáluithe um babhtáil mainneachtana creidmheasa innéacs, beidh feidhm aige freisin ◄ i gcásanna ina n-úsáidtear ionadach i leith raoin difríochta contrapháirtí.

▼B

I gcás na gcontrapháirtithe uile a n-úsáidtear ionadach ina leith, úsáidfidh institiúid amshraith ar bhonn réasúnta as grúpa ionadaíoch d'ainmneacha comhchosúla a bhfuil raon difríochta ar fáil ina leith.

Mura léirítear an bonn idir aon raon difríochta contrapháirtí aonair agus raonta difríochta na bhfáluithe um babhtáil mainneachtana creidmheasa innéacs chun sástacht an údaráis inniúil, ►C2 ní léireoidh an institiúid ach 50 % de mhéid barúlach na bhfáluithe innéacs sa Luach Faoi Phriacal agus sa Luach Faoi Phriacal faoi strus. ◄

Ní cheadaítear rófhálú ar na risíochtaí le babhtálacha mainneachtana creidmheasa aonainm faoin mhodh atá leagtha amach in Airteagal 383.

2. Ní chuirfidh institiúid cineálacha eile fáluithe priacal contrapháirtí ar áireamh agus ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal $C_{VA}$á ríomh acu. Go háirithe, ní fáluithe incháilithe ar mhaithe le ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal $C_{VA}$a ríomh iad babhtálacha mainneachtana creidmheasa i dtráinsí, babhtálacha mainneachtana creidmheasa don n-ú mainneachtain agus nótaí creidmheas-nasctha.

3. Ní áireofar fálú incháilithe a áirítear agus ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal CVAá ríomh nuair a ríomhtar ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal shonraigh mar atá leagtha amach i dTeideal IV ná ní láimhseálfar é mar mhaolú priacal creidmheasa seachas i leith priacal creidmheasa contrapháirtí na punainne céanna idirbhirt.

## CUID A CEATHAIR

## RISÍOCHTAÍ MÓRA

### *Airteagal 387*

### Ábhar

Déanfaidh institiúidí faireachán ar a risíochtaí móra agus rialóidh siad iad i gcomhréir leis an gCuid seo.

▼M9

---

▼B

### *Airteagal 389*

### Sainmhíniú

Beidh feidhm ag an sainmhíniú seo a leanas chun críocha na Coda seo: Chun críocha na Coda seo, ciallaíonn “Risíochtaí” aon sócmhainn nó ítim lasmuigh den chlár comhardaithe dá dtagraítear i gCuid a Trí, Teideal II, Caibidil 2, gan na hualuithe priacal ná na céimeanna priacal a chur i bhfeidhm.

▼M8

### *Airteagal 390*

### Luach na risíochta a ríomh

1. Ríomhfar risíochtaí iomlána ar ghrúpa cliant atá nasctha le chéile trí risíochtaí na gcliant aonair sa ghrúpa sin a chur le chéile.

2. Ríomhfar risíochtaí foriomlána ar chliaint aonair atá nasctha le chéile trí na risíochtaí sa leabhar trádála a chur leis na risíochtaí sa leabhar neamhthrádála.

▼M8

3. Maidir le risíochtaí an leabhair trádála, féadfaidh institiúidí:

(a) na suíomhanna fada agus na suíomhanna gearra atá acu a fhritháireamh sna hionstraimí airgeadais céanna arna n-eisiúint ag cliant ar leith agus an glansuíomh i ngach ceann de na hionstraimí éagsúla á ríomh i gcomhréir leis na modhanna a leagtar síos i gCaibidil 2 de Theideal IV de Chuid a Trí;

(b) na suíomhanna fada agus na suíomhanna gearra atá acu a fhritháireamh in ionstraimí airgeadais éagsúla arna n-eisiúint ag cliant ar leith ach sa chás amháin ina bhfuil an ionstraim airgeadais faoin suíomh gearr ar chéim níos sóisearaí ná an ionstraim faoin suíomh fada nó i gcás ina mbaineann an tsinsearacht chéanna leis na hionstraimí foluiteacha.

Chun críocha phointe (a) agus phointe (b), féadfar ionstraimí airgeadais a leithdháileadh i mbuicéid bunaithe ar chéimeanna éagsúla sinsearachta chun cóimheas sinsearachta na suíomhanna a chinneadh.

4. Ríomhfaidh institiúidí luachanna risíochta na gconarthaí díorthacha a liostaítear in Iarscríbhinn II agus na gconarthaí díorthach creidmheasa arna ndéanamh go díreach le cliant i gcomhréir le ceann de na modhanna a leagtar amach i Roinn 3, 4, agus 5 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí, de réir mar is infheidhme. Risíochtaí a thagann as idirbhearta dá dtagraítear in Airteagal 378, Airteagal 379 agus Airteagal 380, déanfar iad a ríomh ar an modh a leagtar síos sna hAirteagail sin.

Agus luach na risíochta á ríomh do na conarthaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ar conarthaí iad arna leithdháileadh ar an leabhar trádála, comhlíonfaidh institiúidí na prionsabail a leagtar síos in Airteagal 299 freisin.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, institiúidí a bhfuil cead acu na modhanna dá dtagraítear i Roinn 4 de Chaibidil 4 de Theideal II de Chuid a Trí agus Roinn 6 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí a úsáid, féadfaidh siad na modhanna sin a úsáid agus luach na risíochta a ríomh i gcás idirbhearta um maoiniú urrús.

5. Cuirfidh institiúidí le risíocht iomlán ar chliant na risíochtaí a eascraíonn as conarthaí díorthacha a liostaítear in Iarscríbhinn II agus conarthaí díorthach creidmheasa, i gcás nach ndearnadh an conradh go díreach le cliant ach gur eisigh an cliant sin an ionstraim fholuiteach fiachais nó chothromais.

6. Ní áireofar aon cheann de na nithe seo a leanas mar risíochtaí:

(a) i gcás idirbheart malairte eachtraí, risíochtaí arna dtabhú sa ghnáthchúrsa socraíochta le linn an dá lá gnó tar éis íocaíochta;

(b) i gcás idirbheart chun urrúis a cheannach nó a dhíol, risíochtaí arna dtabhú sa ghnáthchúrsa socraíochta le linn na gcúig lá gnó tar éis íoc as na hurrúis nó tar éis iad a sheachadadh, cibé acu is túisce;

(c) i gcás ina soláthraítear tarchur airgid lena n-áirítear seirbhísí íocaíochta a dhéanamh, imréiteach agus socraíocht in aon airgeadra agus imréiteach comhfhreagrach ionstraimí baincéireachta nó ionstraimí airgeadais, seirbhísí socraíochta agus cumhdaigh do chliaint, fáltais mhoillithe i leith risíochtaí cistithe agus eile a thagann as gníomhaíocht cliaint nach maireann níos faide ná an lá gnó dar gcionn;

▼M8

(d) i gcás ina soláthraítear tarchur airgid lena n-áirítear seirbhísí íocaíochta a dhéanamh, imréiteach agus socraíocht in aon airgeadra agus baincéireacht chomhfhreagrach, risíochtaí ionlae ar institiúidí a sholáthraíonn na seirbhísí sin;

(e) risíochtaí arna n-asbhaint as ítimí Gnáthchothromas Leibhéal 1 nó as ítimí breise Leibhéal 1 i gcomhréir le hAirteagal 36 agus Airteagal 56 nó aon asbhaint eile as na hítimí sin a laghdaíonn an cóimheas sócmhainneachta.

7. D'fhonn an risíocht fhoriomlán ar chliant nó ar ghrúpa cliant atá nasctha le chéile a chinneadh, maidir le cliaint a bhfuil risíochtaí ag an institiúid ina leith trí idirbhearta dá dtagraítear i bpointe (m) agus i bpointe (o) d'Airteagal 112 nó trí idirbhearta eile i gcás ina bhfuil risíocht ar shócmhainní foluiteacha ann, déanfaidh institiúid measúnú ar a risíochtaí foluiteacha lena gcuirfear san áireamh an tábhacht eacnamaíoch a bhaineann le struchtúr an idirbhirt agus na priacail is gné de struchtúr an idirbhirt féin, d'fhonn a chinneadh an risíocht bhreise é.

8. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na nithe seo a leanas a shonrú:

(a) na coinníollacha agus na modheolaíochtaí atá le húsáid chun an risíocht fhoriomlán ar chliant nó ar ghrúpa cliant atá nasctha le chéile a chinneadh maidir leis na cineálacha risíochtaí dá dtagraítear i mír 7;

(b) na coinníollacha faoina dtarlódh sé nach mbeadh struchtúr na n-idirbheart dá dtagraítear i mír 7 ina risíocht bhreise.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Eanáir 2014.

Tarmligtear chuig an gCoimisiún an chumhacht chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

9. Chun críocha mhír 5, forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun a léiriú conas na risíochtaí a eascraíonn as conarthaí díorthacha a liostaítear in Iarscríbhinn II agus conarthaí díorthacha creidmheasa, sa chás nach ndearnadh an conradh go díreach le cliant ach d'eisigh an cliant an ionstraim foluiteach fiachais nó chothromais le go gcuirfear san áireamh iad sna risíochtaí ar an gcliant.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Márta 2020.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

▼B

*Airteagal 391*

**Sainmhíniú ar institiúid chun críocha risíochtaí móra**

Ar mhaithe le luach risíochtaí a ríomh i gcomhréir leis an gCuid seo, áireofar leis an téarma 'institiúid' aon ghnóthas príobháideach nó poiblí, lena n-áirítear a bhrainsí, a chomhlíonfadh an sainmhíniú ar an téarma 'institiúid' dá mbunófaí san Aontas í, agus atá údaraithe i dtríú tír agus a chuireann ceanglais mhaoirseachta agus rialála stuamachta i bhfeidhm atá cothrom ar a laghad leo sin atá i bhfeidhm san Aontas.

▼M8

Chun críocha an chéad mhír, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, agus faoi réir an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 464(2), cinntí a ghlacadh an gcuireann tríú tír ceanglais stuamachta maoirseachta agus rialála i bhfeidhm atá ar a laghad coibhéiseach leis na socruithe sin a chuirtear i bhfeidhm san Aontas.

*Airteagal 392*

**Sainmhíniú ar risíocht mhór**

Measfar gur risíocht mhór í risíocht institiúide ar chliant nó ar ghrúpa cliant atá nasctha le chéile i gcás ina bhfuil luach na risíochta cothrom le, nó níos mó ná, 10 % de chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide.

▼B

*Airteagal 393*

**Cumas risíochtaí móra a aithint agus a bhainistiú**

Beidh nósanna imeachta riaracháin agus cuntasaíochta fónta ag institiúid agus sásraí rialaithe inmheánaigh leordhóthanacha chun críocha risíochtaí móra agus athruithe orthu ina dhiaidh sin a aithint, a bhainistiú, a thuairisciú, a thaifeadadh agus faireachán a dhéanamh orthu, i gcomhréir leis an Rialachán seo.

▼M8

*Airteagal 394*

**Ceanglais tuairiscithe**

1. Tabharfaidh institiúidí tuairisc dá n-údaráis inniúla ar an bhfaisnéis seo a leanas maidir le gach risíocht mhór atá ina seilbh acu, lena n-áirítear risíochtaí móra atá eisiata ó chur i bhfeidhm Airteagal 395(1):

(a) céannacht an chliaint nó an ghrúpa cliant atá nasctha le chéile a bhfuil risíocht mhór ag an institiúid orthu;

(b) luach na risíochta sula gcuirtear san áireamh éifeacht an mhaolaithe phriacail chreidmheasa, i gcás inarb infheidhme;

(c) i gcás ina n-úsáidtear é, cineál na cosanta creidmheasa cistithe nó neamhchistithe;

(d) luach na risíochta, tar éis éifeacht an mhaolaithe phriacail chreidmheasa arna ríomh chun críocha Airteagal 395(1) a chur san áireamh, i gcás inarb infheidhme.

Institiúidí atá faoi réir Caibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí, tabharfaidh siad tuairisc dá n-údaráis inniúla ar an 20 risíocht is mó ar bhonn comhdhlúite atá acu, cé is moite de na risíochtaí sin atá eisiata ó chur i bhfeidhm Airteagal 395(1).

Ina theannta sin, tabharfaidh institiúidí tuairisc dá n-údaráis inniúla ar bhonn comhdhlúite ar risíochtaí ag a bhfuil luach atá níos mó ná EUR 300 milliún nó cothrom leis an méid sin ach atá níos lú ná 10 % de chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide.

▼M8

2. De bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, tabharfaidh institiúidí tuairisc dá n-údaráis inniúla ar an bhfaisnéis seo a leanas maidir leis na 10 risíocht is mó ar bhonn comhdhlúite atá acu ar institiúidí agus maidir leis na 10 risíocht is mó atá acu ar eintitis scáthbhaincéireachta a mbíonn gníomhaíochtaí baincéireachta á ndéanamh acu lasmuigh den chreat rialáilte ar bhonn comhdhlúite, lena n-áirítear risíochtaí móra atá eisiata ó chur i bhfeidhm Airteagal 395(1):

(a) céannacht an chliaint nó an ghrúpa cliant atá nasctha le chéile a bhfuil risíocht mhór ag an institiúid orthu;

(b) luach na risíochta sula gcuirtear san áireamh éifeacht an mhaolaithe phriacail chreidmheasa, i gcás inarb infheidhme;

(c) i gcás ina n-úsáidtear é, cineál na cosanta creidmheasa cistithe nó neamhchistithe;

(d) luach na risíochta tar éis éifeacht an mhaolaithe phriacail chreidmheasa arna ríomh chun críocha Airteagal 395(1) a chur san áireamh, i gcás inarb infheidhme.

3. Tuairisceoidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 dá n-údaráis inniúla ar bhonn leathbhliantúil ar a laghad.

4. Ceapfaidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena sonrófar na critéir chun eintitis scáthbhaincéireachta dá dtagraítear i mír 2 a shainaithint.

Agus na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin á bhforbairt, cuirfidh UBÉ san áireamh forbairtí idirnáisiúnta agus caighdeáin chomhaontuithe idirnáisiúnta maidir le scáthbhaincéireacht agus déanfaidh sé na nithe seo a leanas a mheas:

(a) go bhféadfaidh priacal do shuíomh sócmhainneachta nó do shuíomh leachtachta na hinstitiúide a bheith ag baint leis an gcaidreamh le heintiteas aonair nó le grúpa eintiteas;

(b) ar cheart eintitis atá faoi réir ceanglais sócmhainneachta nó ceanglais leachtachta atá cosúil lena leagtar síos leis an Rialachán seo agus le Treoir (AE) 2013/69/AE, a eisiamh ina n-iomláine nó a pháirteisiamh ón oibleagáid a bheith tuairiscithe dá dtagraítear i mír 2 maidir le heintitis scáthbhaincéireachta.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Meitheamh 2020.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

▼B

*Airteagal 395*

**Teorainn na risíochtaí móra**

▼M9
▼C5

1. Tar éis éifeacht an mhaolaithe phriacail chreidmheasa a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 399 go hAirteagal 403, ní thabhóidh institiúid risíocht ar chliant ná ar ghrúpa cliant atá nasctha le chéile a bhfuil luach na risíochta sin níos mó ná 25 % de chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide. I gcás inar institiúid an cliant sin, nó i gcás ina bhfuil institiúid amháin nó níos mó ná institiúid amháin ar áireamh i ngrúpa cliant atá nasctha le chéile, ní bheidh an luach sin níos airde ná 25 % de chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide nó EUR 150 milliún, cibé acu is

▼C5

airde, ar an gcoinníoll nach bhfuil suim luachanna na risíochta ar na cliaint uile atá nasctha le chéile agus nach institiúidí iad níos airde ná 25 % de chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide, tar éis éifeacht an mhaolaithe phriacail chreidmheasa a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 399 go hAirteagal 403.

▼M8

I gcás gur airde an EUR 150 milliún ná 25 % de chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide, tar éis éifeacht an mhaolaithe phriacail chreidmheasa a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 399 go hAirteagal 403 den Rialachán seo, ní rachaidh luach na risíochta thar theorainn réasúnach i dtéarmaí chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide. Cinnfidh an institiúid an teorainn sin i gcomhréir leis na beartais agus na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 81 de Threoir 2013/36/AE, chun aghaidh a thabhairt ar phriacal comhchruinnithe agus chun é a rialú. Ní bheidh an teorainn sin níos airde ná 100 % de chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide.

Féadfaidh údaráis inniúla teorainn níos ísle ná EUR 150 milliún a shocrú agus sa chás sin cuirfidh siad ÚBE agus an Coimisiún ar an eolas faoi.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo, ní thabhóidh G-SII risíocht ar G-SII eile nó G-SII neamh-AE a bhfuil luach na risíochta sin, tar éis éifeacht an mhaolaithe phriacail chreidmheasa a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagail 399 go 403, níos mó ná 15 % dá chaipiteal Leibhéal 1. Déanfaidh G-SII teorainn den sórt sin a chomhlíonadh tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis an dáta ar sainaithníodh é mar G-SII. I gcás ina bhfuil risíocht ag G-SII ar institiúid eile nó grúpa eile a thiocfaidh chun bheith sainaitheanta mar G-SII nó mar G-SII neamh-AE, comhlíonfaidh sé teorainn den sórt sin tráth nach déanaí ná 12 mhír tar éis an dáta ar tháinig an institiúid eile sin nó an grúpa eile sin chun bheith sainaitheanta mar G-SII nó mar G-SII neamh-AE.

▼B

2. Déanfaidh ÚBE, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus éifeacht an mhaoluithe priacal creidmheasa á cur san áireamh i gcomhréir le hAirteagail 399 go 403, chomh maith le torthaí na bhforbairtí i réimse na scáthbhaincéireachta agus risíochtaí móra ag leibhéal idirnáisiúnta agus an Aontais, treoirlínte a eisiúint faoi 31 Nollaig 2014 chun teorainneacha comhiomlána iomchuí a leagan síos i leith risíochtaí dá sórt nó teorainneacha aonair níos dlúithe maidir le risíochtaí i leith eintitis scáthbhaincéireachta a mbíonn gníomhaíochtaí baincéireachta a ndéanamh acu lasmuigh de chreat rialáilte.

Agus na treoirlínte sin á bhforbairt, féachfaidh ÚBE an mbeadh éifeacht dhíobhálach ábhartha ann ar phróifíl priacal institiúidí a bhunaítear san Aontas, ar sholáthar creidmheasa don bhfíoreacnamaíocht nó ar chobhsaíocht agus feidhmiú ordúil na margaí airgeadais dá dtabharfaí isteach teorainneacha breise.

Faoi 31 Nollaig 2015 déanfaidh an Coimisiún measúnú ar a oiriúnaí agus a éifeachtaí atá sé teorainneacha a fhorchur ar risíochtaí ar eintitis bhaincéireachta a mbíonn gníomhaíochtaí baincéireachta á ndéanamh acu lasmuigh de chreat rialáilte, agus forbairtí idirnáisiúnta agus Aontais á gcur san áireamh i réimse na scáthbhaincéireachta agus na risíochtaí móra mar aon le maolú priacal creidmheasa i gcomhréir le hAirteagail 399 go 403. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, i gcás inarb iomchuí in éineacht le togra reachtach maidir le teorainneacha risíochtaí i leith eintitis scáthbhaincéireachta ag gabháil leis an tuairis a mbíonn gníomhaíochtaí baincéireachta á ndéanamh acu lasmuigh de chreat rialáilte.

3. Faoi réir Airteagal 396, comhlíonfaidh institiúid an teorainn ábhartha atá leagtha síos i mír 1 i gcónaí.

4. Sócmhainní arb éard atá iontu éilimh agus risíochtaí eile ar ghnólachtaí infheistíochta ó thríú tír aitheanta, féadfar iad a bheith faoi réir na láimhseála céanna mar a leagtar amach i mír 1.

▼M8

5. Féadfar na teorainneacha a leagtar síos san Airteagal seo a shárú maidir leis na risíochtaí i leabhar trádála na hinstitiúide, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) ní sháraíonn an risíocht sa leabhair neamhthrádála ar an gcliant i gceist nó ar an ngrúpa cliant atá nasctha le chéile, ní sháraíonn sí an teorainn a leagtar síos i mír 1, ar teorainn í arna ríomh ag tagairt do chaipiteal Leibhéal 1, ionas go dtiocfaidh an barrachas chun cinn go hiomlán sa leabhar trádála;

(b) comhlíonann an institiúid ceanglas maidir le cistí dílse breise ar an gcuid den risíocht os cionn na teorann a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 397 agus Airteagal 398;

(c) i gcás ina bhfuil 10 lá nó níos lú ná sin caite ó tharla an barrachas dá dtagraítear i bpointe (b), níl risíocht an leabhair trádála ar an gcliant i gceist nó ar an ngrúpa cliant atá nasctha le chéile níos mó ná 500 % de chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide;

(d) i gcás aon bharrachais a mhairfidh níos faide ná 10 lá, ní mó é, i bhfoirm chomhiomlán, ná 600 % de chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide.

Gach uair a shárófar an teorainn, tabharfaidh an institiúid fógra do na húdaráis inniúla gan mhoill faoi mhéid an bharrachais agus faoi ainm an chliaint lena mbaineann agus, i gcás inarb infheidhme, ainm an ghrúpa cliant atá nasctha le chéile lena mbaineann.

▼B

6. Chun críocha na míre seo, ciallaíonn bearta struchtúracha bearta a ghlacann Ballstát agus a chuireann údaráis inniúla ábhartha an Bhallstáit sin chun feidhme, roimh do ghníomh dlíthiúil teacht i bhfeidhm lena gcomhchuibhítear bearta den sórt sin go sainráite, a éilíonn go laghdóidh institiúidí creidmheasa arna n-údarú sa Bhallstát sin a risíochtaí ar eintitis éagsúla dlíthiúla ag brath ar a ngníomhaíochtaí, beag beann ar an áit ina bhfuil na gníomhaíochtaí sin lonnaithe, d'fhonn taisceoirí a chosaint agus cobhsaíocht airgeadais a chaomhnú.

D'ainneoin mír 1 den Airteagal seo agus Airteagal 400(1)(f), i gcás ina nglacann Ballstáit dlíthe náisiúnta lena n-éilítear go ndéanfar bearta struchtúracha laistigh de ghrúpa baincéireachta, d'fhéadfadh údaráis inniúla a éileamh go gcuirfeadh institiúidí an ghrúpa baincéireachta a bhfuil taiscí ina seilbh acu arna gcumhdach ag Scéim Ráthaíochta Taiscí i gcomhréir le Treoir 94/19/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 1994 maidir le scéimeanna ráthaíochta taiscí ([1]) nó ag scéim ráthaíochta taiscí choibhéiseach i dtríú tír, ►C1 go gcuirfidís teorainn mhór risíochtaí i bhfeidhm faoi bhun 25 % ach ní faoi bhun 15 % idir an 28 Meitheamh 2013 agus an 30 Meitheamh 2015 ◄, agus ní faoi bhun 10 % ó 1 Iúil 2015 ar bhonn fochomhdhlúite i gcomhréir le hAirteagal 11(5) maidir le risíochtaí inghrúpa i gcás go gcuimseoidh na risíochtaí sin risíochtaí ar eintiteas nach mbaineann leis an bhfoghrúpa céanna maidir leis na bearta struchtúracha.

Chun críocha na míre seo, comhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) féachtar ar gach eintiteas a bhaineann leis an bhfoghrúpa céanna maidir leis na bearta struchtúracha mar aon chliant amháin nó mar ghrúpa de chliaint nasctha;

(b) cuirfidh na húdaráis inniúla teorainn aonfhormeach i bhfeidhm ar na risíochtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

Beidh cur i bhfeidhm an chur chuige seo gan dochar do mhaoirseacht éifeachtach ar bhonn comhdhlúite agus ní bheidh éifeachtaí díobhálacha díréireacha i gceist don chóras airgeadais i bpáirt nó ina iomláine i mBallstáit eile nó san Aontas ina iomláine ná ní fhoirmeoidh sé ná ní chruthóidh sé constaic i gcoinne fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.

([1]) IO L 135, 31.5.1994, lch. 5

▼B

7. Sula nglacfaidh siad na sainbhearta struchtúracha sin dá dtagraítear i mír 6 a bhaineann le mór-risíochtaí,cuirfidh na húdaráis inniúla in iúl don Chomhairle, don Choimisiún, do na húdaráis inniúla lena mbaineann agus doÚBE dhá mhí ar a laghad sula bhfoilsítear an cinneadh chun na bearta struchtúracha a ghlacadh, agus cuirfidh siad isteach fianaise cháilíochtúil agus chainíochtúil lena mbaineann den mhéid seo a leanas go léir:

(a) raon na ngníomhaíochtaí atá faoi réir na mbeart struchtúrach;

(b) míniú maidir le cén fáth a meastar dréachtbhearta dá sórt a bheith oiriúnach, éifeachtach agus comhréireach chun taisceoirí a chosaint;

(c) measúnú ar thionchar dóchúil dearfach nó diúltach na mbeart ar an margadh aonair bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil don Bhallstát.

8. Tugtar de chumhacht don Choimisiún agus é ag gníomhú i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 464(2), gníomh cur chun feidhme a ghlacadh chun glacadh leis na bearta náisiúnta atá molta dá dtagraítear i mír 7 nó chun diúltú dóibh.

Laistigh de mhí amháin tar éis dóibh an fógra dá dtagraítear i mír 7 a fháil, cuirfidh ÚBE a dtuairimí maidir leis na pointí a luaitear sa mhír sin chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an mBallstát lena mbaineann. Féadfaidh na húdaráis inniúla lena mbaineann a dtuairimí a thabhairt maidir leis na pointí a luaitear sa mhír sin don Chomhairle, don Choimisiún agus don mBallstát lena mbaineann.

Agus na tuairimí dá dtagraítear sa dara fomhír á gcur san áireamh go hiomlán agus i gcás ina mbeidh fianaise stóinseach, láidir ann go mbeidh tionchar diúltach ag na bearta ar an margadh inmheánach a sháróidh na buntáistí a bheidh ann i leith na cobhsaíochta airgeadais, diúltóidh an Coimisiún do na bearta náisiúnta atá molta, laistigh de dhá mhí tar éis dó an fógra a fháil. Murach sin, glacfaidh an Coimisiún leis na bearta náisiúnta atá molta ar feadh tréimhse tosaigh de 2 bhliain agus, nuair is iomhcuí, d'fhéadfadh na bearta a bheith faoi réir leasaithe.

Ní dhiúltóidh an Coimisiún do na bearta náisiúnta atá molta ach amháin más dóigh leis go mbaineann droch-éifeachtaí míréireacha leo ar an gcóras airgeadais ar an iomlán nó ar chodanna de i mBallstáit eile nó san Aontas ina iomláine, lena ndéantar nó lena gcruthaítear, dá bharr sin, bac ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh nó ar shaorghluaiseacht chaipitil i gcomhréir le forálacha CFAE.

Tabharfar ar aird tuairim ÚBE i measúnú an Choimisiúin agus agus tabharfar ar aird an fhianaise arna cur i láthair i gcomhréir le mír 7.

Roimh dhul in éag do na bearta, féadfaidh na húdaráis inniúla bearta nua a mholadh chun síneadh a chur leis an tréimhse lena gcuirfear i bhfeidhm iad go ceann dhá bhliain bhreise gach uair. Sa chás sin, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún, don Chomhairle, do na húdaráis inniúla lena mbaineann agus doÚBE. Beidh formheas na mbeart nua faoi réir an phróisis a leagtar amach san Airteagal seo. Beidh an tAirteagal seo gan dochar d'Airteagal 458.

*Airteagal 396*

**Ceanglais maidir le risíochtaí móra a chomhlíonadh**

1. Má théann risíochtaí, i gcás eisceachtúil, thar an teorainn atá leagtha síos in Airteagal 395(1), tabharfaidh an institiúid fógra do na húdaráis inniúla gan mhoill faoi luach an bharrachais agus féadfaidh siad, i gcúinsí a fhágann gur ceart dóibh é a dhéanamh, tréimhse theoranta a cheadú don institiúid ina bhféadfaidh sí an teorainn a chomhlíonadh.

▼M8

I gcás ina bhfuil an EUR 150 milliún dá dtagraítear in Airteagal 395(1) infheidhme, féadfaidh na húdaráis inniúla, ar bhonn gach cáis faoi leith, cead a thabhairt an teorainn 100 % i dtéarmaí chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide a shárú.

I gcás ina gceadaíonn údarás inniúil d'institiúid, sna cásanna eisceachtúla dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír den mhír seo, an teorainn a leagtar amach in Airteagal 395(1) a shárú ar feadh tréimhse níos faide ná trí mhí, déanfaidh an institiúid plean a thíolacadh trína mbeifear in ann an teorainn a chomhlíonadh arís go tráthúil chun sástacht an údaráis inniúil agus cuirfidh sí an plean sin i gcrích laistigh den tréimhse arna comhaontú leis an údarás inniúil. Déanfaidh an t-údarás inniúil faireachán ar chur chun feidhme an phlean agus ceanglóidh sé go gcomhlíonfar na ceanglais athuair ar bhonn níos gasta más iomchuí.

▼B

2. I gcás ina ndífheidhmítear faoi Airteagal 7(1) comhlíonadh na n-oibleagáidí arna bhforchur sa Chuid seo ag institiúid ar bhonn aonair nó ar bhonn fo-chomhdhlúite, nó i gcás ina bhfeidhmítear forálacha Airteagal 9 maidir le cás na máthairinstitiúidí i mBallstát, déanfar bearta d'fhonn leithdháileadh sásúil priacail laistigh den ghrúpa a áirithiú.

▼M8

3. Chun críocha mhír 1, eiseoidh ÚBE treoirlínte i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena sonrófar an chaoi a gcinnfidh na húdaráis inniúla an méid a leanas:

(a) na cásanna eisceachtúla dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo;

(b) an tráth ama a mheastar a bheith iomchuí chun go gcomhlíonfar na ceanglais athuair;

(c) na bearta atá le glacadh chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an institiúid na ceanglais arís go tráthúil.

▼B

*Airteagal 397*

**Ceanglais cistí dílse a ríomh maidir le risíochtaí móra sa leabhar trádála**

1. Ríomhfar an barrachas dá dtagraítear in Airteagal 395(54)(b) trí na comhpháirteanna den risíocht trádála iomlán ar an gcliant nó ar an ngrúpa cliant nasctha atá i gceist a roghnú lena dtarraingítear na ceanglais priacal shonraigh is airde i gCuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 2 nó na ceanglais in Airteagal 299 agus i gCuid a Trí, Teideal V, nó an dá rud, arb ionann an tsuim díobh agus méid an bharrachais dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 395(54).

2. I gcás aon bharrachais nár mhair níos faide ná 10 lá, is é 200 % de na ceanglais dá dtagraítear i mír 1 a bheidh sa cheanglas caipitil breise i leith na gcomhpháirteanna sin.

▼B

3. Amhail ó 10 lá tar éis don bharrachas tarlú, leithdháilfear comhpháirteanna an bharrachais, arna roghnú i gcomhréir le mír 1, ar an líne iomchuí i gColún 1 de Thábla 1 in ord ardaitheach na gceanglas priacal shonraigh i gCuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 2 agus/nó in ord ardaitheach na gceanglas in Airteagal 299 agus i gCuid a Trí, Teideal V. Beidh an ceanglas cistí dílse breise cothrom le suim na gceanglas priacal shonraigh i gCuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 2 agus/nó suim na gceanglas in Airteagal 299 agus i gCuid a Trí, Teideal V, arna iolrú ag an bhfachtóir comhfhreagrach i gColún 2 de Thábla 1.

*Tábla 1*

| Colún 1: Barrachas thar na teorainneacha (ar bhonn chéatadán an chaipitil incháilithe) ►M8 caipiteal incháilithe ◄ | Colún 2: Fachtóirí |
|---|---|
| Suas go 40 % | 200 % |
| Ó 40 % go 60 % | 300 % |
| Ó 60 % go 80 % | 400 % |
| Ó 80 % go 100 % | 500 % |
| Ó 100 % go 250 % | 600 % |
| Os cionn 250 % | 900 % |

*Airteagal 398*

**Nósanna imeachta chun cosc a chur ar institiúidí maidir leis an gceanglas cístí dílse breise a sheachaint**

Ní sheachnóidh institiúidí na ceanglais cistí dílse bhreise atá leagtha amach in Airteagal 397 a thabhóidís murach sin, ar risíochtaí a sháraíonn an teorainn atá leagtha síos in Airteagal 395(1) i gcás inar coinníodh na risíochtaí sin ar feadh níos mó ná 10 lá, trí na risíochtaí atá i gceist a aistriú go sealadach go cuideachta eile, laistigh den ghrúpa céanna nó lasmuigh de, agus/nó trí idirbhearta saorga a dhéanamh chun an risíocht a ghlanadh le linn na tréimhse 10 lá agus risíocht nua a chruthú.

Déanfaidh institiúidí nósanna imeachta a chothabháil lena n-áirithítear go dtabharfar fógra láithreach do na húdaráis inniúla maidir le haon aistriú lena mbaineann an éifeacht dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

*Airteagal 399*

**Teicnící maolaithe creidmheasa incháilithe**

▼M8

1. Úsáidfidh institiúid teicníc um maolú priacail creidmheasa chun risíocht a ríomh sa chás ina n-úsáidtear an teicníc sin chun ceanglais chaipitil le haghaidh priacal creidmheasa a ríomh i gcomhréir le Teideal II de Chuid a Trí, ar choinníoll go gcomhlíonann an teicníc um maolú priacal creidmheasa na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo.

Chun críocha Airteagal 400 go hAirteagal 403, áireofar faoin téarma “ráthaíocht” díorthaigh chreidmheasa a aithnítear faoi Chaibidil 4 de Theideal II de Chuid a Trí seachas nótaí creidmheas-nasctha.

▼B

2. Faoi réir mhír 3 den Airteagal seo, más rud é, faoi Airteagail 400 go 403 go gceadaítear cosaint chistithe nó neamhchistithe creidmheasa a aithint, beidh sé faoi réir ag na ceanglais incháilitheachta agus ceanglais eile atá leagtha amach i gCuid a Trí, Teideal II, Caibidil 4 a chomhlíonadh.

▼M8

3. Teicnící um maolú priacal creidmheasa nach bhfuil ar fáil ach d'institiúidí a bhaineann úsáid as ceann amháin de na cineálacha cur chuige inmheánach bunaithe ar rátálacha, ní úsáidfear iad chun luachanna risíochta a laghdú ar mhaithe le risíochtaí móra, cé is moite de risíochtaí arna n-urrú le réadmhaoin i gcomhréir le hAirteagal 402.

▼B

4. Déanfaidh institiúidí anailís, chomh fada agus is féidir, ar a gcuid risíochtaí ar eisitheoirí comhthaobhachta, ar sholáthraithe cosanta neamhchistithe creidmheasa agus ar sócmhainní foluiteacha de bhun Airteagal 390(7) i dtaca le comhchruinnithe a d'fhéadfadh a bheith ann agus, nuair is iomchuí, déanfaidh siad beart agus tabharfaidh siad tuairisc dá n-údarás inniúil maidir le haon torthaí suntasacha.

*Airteagal 400*

**Díolúintí**

1. Beidh díolúine ag na risíochtaí seo a leanas ó chur i bhfeidhm Airteagal 395(1):

(a) ítimí sócmhainne arb éard iad éilimh ar rialtais láir, ar bhainc cheannais nó ar eintitis earnála poiblí, dá sannfaí, i gcás ina mbeidís neamhurraithe, ualú priacal 0 % faoi Chuid a Trí, Teideal II, Caibidil 2;

(b) ítimí sócmhainne arb éard iad éilimh ar eagraíochtaí idirnáisiúnta nó ar bhainc forbartha iltaobhacha dá sannfaí, i gcás ina mbeidís neamhurraithe, ualú priacal 0 % faoi Chuid a Trí, Teideal II, Caibidil 2;

(c) ítimí sócmhainne arb éard iad éilimh a thugann anonn na ráthaíochtaí follasacha atá ag rialtais láir, ag bainc cheannais, ag eagraíochtaí idirnáisiúnta, ag bainc forbartha iltaobhacha nó ag eintitis earnála poiblí, i gcás ina sannfaí ualú priacal 0 % d'éilimh neamhurraithe ar an eintiteas a thugann an ráthaíocht faoi Chuid a Trí, Teideal II, Caibidil 2;

(d) risíochtaí eile atá inchurtha i leith rialtas láir, banc ceannais, eagraíochtaí idirnáisiúnta, banc forbartha iltaobhacha nó eintiteas earnála poiblí, nó arna ráthú acu, i gcás ina sannfaí ualú priacal 0 % ar an eintiteas a bhfuil an risíocht inchurtha ina leith nó a bhfuil sé ráthaithe ina leith faoi Chuid a Trí, Teideal II, Caibidil 2;

(e) ítimí sócmhainne arb éard iad éilimh ar rialtais réigiúnacha nó ar údaráis áitiúla Ballstát i gcás ina sannfaí ualú priacal 0 % do na héilimh sin faoi Chuid a Trí, Teideal II, Caibidil 2 agus do risíochtaí eile ar na rialtais réigiúnacha nó ar na húdaráis áitiúla sin, nó arna ráthú acu, éilimh a sannfaí ualú priacal 0 % dóibh faoi Chuid a Trí, Teideal II, Caibidil 2;

▼B

(f) risíochtaí ar chontrapháirtithe dá dtagraítear in Airteagal 113(6) nó (7) dá sannfaí ualú priacal 0 % dóibh faoi Chuid a Trí, Teideal II, Caibidil 2. Risíochtaí nach gcomhlíonann na critéir sin, cibé acu atá díolúine acu ó Airteagal 395(1) nó nach bhfuil, láimhseálfar iad mar risíochtaí ar thríú páirtí;

(g) ítimí sócmhainne agus risíochtaí eile arna n-urrú le comhthaobhacht i bhfoirm taisce airgid arna dtaisceadh leis an institiúid iasachta nó le hinstitiúid ar máthairchuideachta nó fochuideachta de chuid na hinstitiúide iasachta í;

(h) ítimí sócmhainne agus risíochtaí eile arna n-urrú le comhthaobhacht i bhfoirm deimhnithe taisce arna n-eisiúint ag an institiúid iasachta nó ag institiúid ar máthairchuideachta nó fochuideachta de chuid na hinstitiúide iasachta í agus arna dtaisceadh le ceachtar díobh;

(i) risíochtaí a thagann as saoráidí creidmheasa neamhtharraingthe atá aicmithe mar ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe lena mbaineann íospriacal in Iarscríbhinn i agus ar an gcoinníoll gur tugadh comhaontú i gcrích leis an gcliant nó le grúpa cliant nasctha agus ní fhéadfar an tsaoráid a tharraingt ach amháin nuair a dheimhnítear nach gcuirfidh sé faoi deara go ndéanfar an teorainn atá infheidhme faoi Airteagal 395(1) a shárú;

▼M8

(j) risíochtaí trádála na gcomhaltaí imréitigh ar chontrapháirtithe lárnacha cáilitheacha agus ranníocaíochtaí ciste mainneachtana leo;

▼B

(k) risíochtaí ar scéimeanna ráthaithe taiscí faoi Threoir 94/19/CE a thagann as cistiú na scéimeanna sin, má tá oibleagáid chonarthach nó dlí ar bhall-institiúidí na scéime an scéim a chistiú;

▼M8

(l) risíochtaí trádála na gcliant dá dtagraítear in Airteagal 305(2) nó Airteagal 305(3);

(m) sealúchais atá ag eintitis réitigh nó a bhfochuideachtaí nach eintitis réitigh iad féin, d'ionstraimí cistí dílse agus dliteanais incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 45f(2) de Threoir 2014/59/AE arna n-eisiúint ag aon cheann de na heintitis seo a leanas:

(i) maidir le heintitis réitigh, eintitis eile ar leis an ngrúpa réitigh céanna iad;

(ii) maidir le fochuideachtaí eintitis réitigh nach eintitis réitigh iad féin, fochuideachtaí na bhfochuideachta ábhartha ar leis an ngrúpa réitigh céanna iad;

(n) risíochtaí a thagann as gealltanas luacha íosta a chomhlíonann na coinníollacha go léir a leagtar amach in Airteagal 132c(3).

▼B

Maidir le hairgead a fhaightear faoi nóta creidmheas-nasctha arna eisiúint ag an institiúid agus maidir le hiasachtaí agus taiscí contrapháirtí chuig an institiúid nó leis an institiúid atá faoi réir comhaontaithe glan-luachála laistigh den chlár comhardaithe atá aitheanta faoi Chuid a Trí, Teideal II, Caibidil 4, measfar go dtiocfaidh siad faoi phointe (g).

▼B

2. Féadfaidh údaráis inniúla díolúine iomlán nó pháirteach a thabhairt i leith na risíochtaí seo a leanas:

(a) bannaí faoi chumhdach a thagann faoi chuimsiú Airteagal 129(1), agus (6);

(b) ítimí sócmhainne arb éard iad éilimh ar rialtais réigiúnacha nó ar údaráis áitiúla Ballstát i gcás ina sannfaí ualú priacal 20 % do na héilimh sin faoi Chuid a Trí, Teideal II, Caibidil 2 agus do risíochtaí eile ar na rialtais réigiúnacha nó ar na húdaráis áitiúla sin, nó arna ráthú acu, éilimh a sannfaí ualú priacal 20 % dóibh faoi Chuid a Trí, Teideal II, Caibidil 2;

▼M8

(c) risíochtaí, lena n-áirítear trí rannpháirteachas nó cineálacha eile sealúchas, a thabhaigh institiúid i leith a máthairchuideachta, i leith fhochuideachtaí eile na máthairchuideachta sin nó i leith a cuid fochuideachtaí agus a cuid sealúchas cáilitheach féin, sa mhéid is go bhfuil na gnóthais sin faoi chumhdach ag an maoirseacht ar bhonn comhdhlúite a bhfuil an institiúid féin faoina réir, i gcomhréir leis an Rialachán seo, le Treoir 2002/87/CE nó le caighdeáin choibhéiseacha atá i bhfeidhm i dtríú tír; risíochtaí nach gcomhlíonann na critéir sin, bíodh díolúine acu ó Airteagal 395(1) den Rialachán seo nó ná bíodh, láimhseálfar iad mar risíochtaí ar thríú páirtí;

▼B

(d) ítimí sócmhainne arb éard iad éilimh, agus risíochtaí eile, lena n-áirítear rannpháirteachas nó cineálacha eile sealúchas, ar institiúidí creidmheasa réigiúnacha nó lárnacha lena bhfuil baint ag an institiúid chreidmheasa i líonra i gcomhréir le forálacha dlí nó le forálacha reachtúla agus atá freagrach, faoi na forálacha sin, as oibríochtaí imréitigh airgid laistigh den líonra;

(e) ítimí sócmhainne arb éard iad éilimh, agus risíochtaí eile ar institiúidí creidmheasa arna dtabhú ag institiúidí creidmheasa, a bhfeidhmíonn ceann amháin acu ar bhonn neamhiomaíoch agus a sholáthraíonn nó a ráthaíonn iasachtaí faoi chláir reachtacha nó faoina cuid reachtanna, chun earnálacha sonraithe den gheilleagar a chur chun cinn faoi fhormhaoirseacht rialtais de chineál éigin agus srianta maidir le húsáid na n-iasachtaí, ar an gcoinníoll go dtiocfaidh na risíochtaí faoi seach as iasachtaí den sórt sin a chuirtear ar aghaidh chuig na tairbhithe trí institiúidí creidmheasa nó ó ráthaíochtaí na n-iasachtaí sin;

(f) ítimí sócmhainne arb éard iad éilimh ar institiúidí agus risíochtaí eile orthu, ar an gcoinníoll nach gcuimseoidh na risíochtaí sin cistí dílse na n-institiúidí sin, agus nach maireann níos faide ná an chéad lá gnó eile agus nach bhfuil siad ainmnithe i mórairgeadra trádála;

(g) ítimí sócmhainne arb éard iad éilimh ar bhainc cheannais i bhfoirm na gcúlchistí íosta is gá a sealbhaíonn na bainc cheannais sin atá ainmnithe ina gcuid airgeadraí náisiúnta;

▼B

(h) ítimí sócmhainne arb éard iad éilimh ar rialtais láir i bhfoirm ceanglas leachtachta reachtúla a shealbhaítear in urrúis rialtais atá ainmnithe agus cistithe ina gcuid airgeadraí náisiúnta ar an gcoinníoll gombeidh, ag lánrogha an údaráis inniúil, measúnú creidmheasa na rialtas láir sin atá sannta ag IMCS ainmnithe de ghrád infheistíochta;

(i) 50 % de chreidmheasanna doiciméadacha íospriacal /meánpriacal lasmuigh den chlár comhardaithe agus de shaoráidí creidmheasa neamhtharraingthe íospriacal /meánpriacal lasmuigh den chlár comhardaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I agus faoi réir chomhaontú na n-údarás inniúil, 80 % de ráthaíochtaí seachas ráthaíochtaí iasachta a bhfuil bonn dlí nó rialála fúthu agus a thugtar dá gcuid comhaltaí trí chomhscéimeanna ráthaíochta a bhfuil stádas acu mar institiúidí creidmheasa;

(j) ráthaíochtaí a cheanglaítear leis an dlí a úsáidtear nuair a íoctar iasacht mhorgáiste atá maoinithe trí bhannaí morgáiste a eisiúint le hiasachtaí an mhorgáiste sula gclárófar an morgáiste den uair dheiridh sa chlár talún, ar an gcoinníoll nach n-úsáidfear an ráthaíocht mar ní a laghdóidh an priacal a bhaineann leis na méideanna risíochta ualaithe ó thaobh priacal a ríomh;

▼M8

(k) risíochtaí i bhfoirm comhthaobhacht nó ráthaíocht d'iasachtaí cónaithe, arna cur ar fáil ag soláthróir cosanta incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 201 a cháilíonn le haghaidh rátáil chreidmheasa arb é an ceann is ísle díobh seo a leanas:

(i) céim cáilíochta creidmheasa 2;

(ii) an chéim cáilíochta creidmheasa a chomhfhreagraíonn do rátáil rialtais láir in airgeadra eachtrach an Bhallstáit mar a bhfuil ceanncheathrú an tsoláthróra cosanta lonnaithe;

(l) risíochtaí i bhfoirm ráthaíocht le haghaidh creidmheasanna onnmhairiúcháin arna dtacú go hoifigiúil, arna gcur ar fáil ag gníomhaireacht um chreidmheas onnmhairiúcháin a cháilíonn le haghaidh rátáil chreidmheasa arb é an ceann is ísle díobh seo a leanas:

(i) céim cáilíochta creidmheasa 2;

(ii) an chéim cáilíochta creidmheasa a chomhfhreagraíonn do rátáil rialtais láir in airgeadra eachtrach an Bhallstáit mar a bhfuil ceanncheathrú an tsoláthróra cosanta lonnaithe.

▼B

3. Ní fhéadfar an díolúine dá bhforáiltear i mír 2 a úsáid ach amháin i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha a leanas:

(a) go ndéanann cineál sonrach na risíochta, an chontrapháirtí nó an chaidrimh idir an institiúid agus an contrapháirtí priacal na risíochta a dhíothú nó a laghdú; agus

(b) go bhféadfar aghaidh a thabhairt ar aon phriacal comhchruinnithe a bheidh fágtha trí mhodhanna a bheadh chomh héifeachtach céanna amhail na socruithe, na próisis agus na sásraí dá bhforáiltear in Airteagal 81 de Threoir 2013/36/AE.

▼M8

Cuirfidh na húdaráis inniúla ÚBE ar an eolas an bhfuil sé i gceist acu aon cheann de na díolúintí dá bhforáiltear i mír 2 a úsáid i gcomhréir le pointe (a) agus pointe (b) den mhír seo agus leagfaidh siad amach don ÚBE an bunús atá acu leis na díolúintí sin a úsáid.

4. Ní cheadófar cur i bhfeidhm comhuaineach níos mó ná díolúine amháin a leagtar amach i mír 1 agus mír 2 ón risíocht chéanna.

*Airteagal 401*

**Éifeacht úsáid teicnící maolaithe phriacail chreidmheasa a ríomh**

1. Ar mhaithe le luach na risíochtaí a ríomh chun críocha Airteagal 395(1), féadfaidh institiúid luach na risíochta lánchoigeartaithe ($E^*$) a úsáid arna ríomh faoi Chaibidil 4 de Theideal II de Chuid a Trí, agus an maolú priacail creidmheasa, coigeartuithe luaineachta, agus aon neamhréir aibíochta dá dtagraítear sa Chaibidil sin, á gcur san áireamh.

2. Cé is moite de na hinstitiúidí a bhaineann úsáid as an modh simplí comhthaobhach airgeadais, chun críocha na chéad mhíre, bainfidh institiúidí úsáid as an Modh Cuimsitheach Comhthaobhach Airgeadais, beag beann ar an modh a úsáidtear chun na ceanglais maidir le cistí dílse na priacail chreidmheasa a ríomh.

De mhaolú ar mhír 1, institiúidí a bhfuil cead acu na modhanna dá dtagraítear i Roinn 4 de Chaibidil 4 de Theideal II de Chuid a Trí agus Roinn 6 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí a úsáid, féadfaidh siad na modhanna sin a úsáid agus luach na risíochta a ríomh d'idirbhearta um maoiniú urrús.

3. Chun luach na risíochtaí a ríomh chun críocha Airteagal 395(1), déanfaidh institiúidí tástálacha struis tréimhsiúla maidir lena gcomhchruinnithe ar phriacail creidmheasa, lena n-áirítear maidir le luach inréadaithe aon chomhthaobhachta a ghlacfar.

Tabharfaidh na tástálacha struis tréimhsiúla sin dá dtagraítear sa chéad fhomhír aghaidh ar na priacail a thagann as athruithe a d'fhéadfadh teacht ar dhálaí sa mhargadh a bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith acu ar leordhóthanacht chistí dílse na n-institiúidí agus priacal a thagann as réadú na comhthaobhachta i riochtaí struis.

Beidh na tástálacha struis a dhéanfar leordhóthanach agus iomchuí chun an measúnú a dhéanamh ar na priacail sin.

Áireoidh institiúidí na nithe seo a leanas ina gcuid straitéisí chun aghaidh a thabhairt ar phriacail chomhchruinnithe:

(a) beartais agus nósanna imeachta chun aghaidh a thabhairt ar phriacail a eascróidh as neamhréireanna aibíochta idir risíochtaí agus aon chosaint chreidmheasa maidir leis na risíochtaí sin;

(b) beartais agus nósanna imeachta a bhaineann le priacal comhchruinnithe a eascróidh as cur i bhfeidhm teicnící um maolú priacail creidmheasa, agus go háirithe risíochtaí móra ar chreidmheas indíreach, mar shampla risíochtaí ar eisiúnaí aonair urrús a thógtar mar chomhthaobhacht.

▼M8

4. I gcás ina laghdóidh institiúid risíocht ar chliant trí theicníc um maolú priacail creidmheasa incháilithe a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 399(1), láimhseálfaidh an institiúid, ar an dóigh a leagtar amach in Airteagal 403, an chuid sin den risíocht lena laghdófar an risíocht ar an gcliant amhail is gur tabhaíodh í don soláthraí cosanta seachas don chliant.

▼B

*Airteagal 402*

**Risíochtaí a thig as iasachtú morgáiste**

▼M8

1. Chun luachanna na risíochta a ríomh chun críocha Airteagal 395, féadfaidh institiúidí, seachas i gcás ina dtoirmeasctar é de réir an dlí náisiúnta is infheidhme, luach risíochta nó aon chuid de risíocht a laghdú, ar risíocht í arna hurrú go hiomlán ag maoin cónaithe i gcomhréir le hAirteagal 125(1) de réir an méid atá curtha i ngeall de mhargadhluach nó de luach iasachta morgáiste na maoine lena mbaineann ach nach mó ná 50 % den mhargadh nó 60 % den luach iasachta morgáiste sna Ballstáit sin inar leagadh síos critéir dhiana i bhforálacha reachtúla nó rialála chun measúnú a dhéanamh ar an luach iasachta morgáiste, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas go léir:

(a) níl ualú priacail níos airde ná 35 % socraithe ag údaráis inniúla na mBallstát le haghaidh risíochtaí nó codanna de risíochtaí arna n-urrú ag maoin chónaithe i gcomhréir le hAirteagal 124(2);

(b) tá an risíocht nó cuid den risíocht urraithe go hiomlán ag an méid seo a leanas:

(i) morgáiste amháin nó níos mó ar réadmhaoin chónaithe; nó

(ii) réadmhaoin chónaithe in idirbheart léasaithe faoina gcoinníonn an léasóir úinéireacht iomlán ar an réadmhaoin chónaithe agus nach bhfuil rogha an léasaí í a cheannach feidhmithe aige nó aici go fóill;

(c) comhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 208 agus in Airteagal 229(1).

2. Chun luachanna na risíochta a ríomh chun críocha Airteagal 395, féadfaidh institiúid, seachas i gcás ina dtoirmeasctar é de réir an dlí náisiúnta is infheidhme, luach risíochta nó aon chuid de risíocht a laghdú, ar risíocht í arna hurrú go hiomlán ag maoin dhochorraithe tráchtála i gcomhréir le hAirteagal 126(1) de réir an méid atá curtha i ngeall de mhargadhluach nó de luach iasachta morgáiste na maoine lena mbaineann ach nach mó ná 50 % den mhargadh nó 60 % den luach iasachta morgáiste sna Ballstáit sin inar leagadh síos critéir dhiana i bhforálacha reachtúla nó rialála chun measúnú a dhéanamh ar an luach iasachta morgáiste, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas go léir:

(a) níl ualú priacail níos airde ná 50 % socraithe ag údaráis inniúla na mBallstát le haghaidh risíochtaí nó codanna de risíochtaí arna n-urrú ag maoin tráchtála dhochorraithe i gcomhréir le hAirteagal 124(2);

(b) tá an risíocht urraithe go hiomlán ag an méid seo a leanas:

(i) morgáiste amháin nó níos mó ar oifigí nó ar áitribh tráchtála eile; nó

▼M8

(ii) oifig nó áitribh tráchtála eile amháin nó níos mó agus na risíochtaí a bhaineann le hidirbhearta léasaithe maoine;

(c) comhlíontar na ceanglais i bpointe (a) d'Airteagal 126(2) agus in Airteagal 208 agus Airteagal 229(1);

(d) tá an mhaoin tráchtála dhochorraithe go hiomlán tógtha.

▼B

3. Risíocht ar chontrapháirtí a eascraíonn as comhaontú athcheannaigh droim ar ais faoinar cheannaigh an institiúid ón gcontrapháirtí liain mhorgáiste neamhspleácha neamh-ghabháltais ar mhaoin dhochorraithe tríú páirtithe, féadfaidh institiúid í a láimhseáil mar roinnt risíochtaí aonair ar gach ceann de na tríú páirtithe sin, ar an gcoinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile a leanas:

▼M9

(a) is institiúid nó gnólacht infheistíochta an contrapháirtí;

▼B

(b) tá an risíocht á hurrú go hiomlán ag liain ar mhaoin dhochorraithe na dtríú páirtithe sin a cheannaigh an institiúid agus is féidir leis an institiúid na liain sin a chleachtadh;

(c) d'áirithigh an institiúid go gcomhlíonfar na ceanglais atá in Airteagal 208 agus in Airteagal 229(1);

(d) beidh an institiúid mar thairbhí na n-éileamh a dhéanann an contrapháirtí i gcoinne na dtríú páirtithe i gcás mhainneachtain, dhócmhainneacht nó leachtacht an chontrapháirtí;

▼M9

(e) i gcomhréir le hAirteagal 394, tabharfaidh an institiúid tuairisc do na húdaráis inniúla i ndáil le méid iomlán na risíochtaí ar gach institiúid nó gnólacht infheistíochta eile a láimhseálfar i gcomhréir leis an mír seo.

▼B

Chun na críche sin, glacfaidh an institiúid leis go mbeidh risíocht aici ar gach ceann de na tríú páirtithe sin i leith mhéid an éilimh a dhéanfaidh an contrapháirtí i gcoinne an tríú pháirtí in ionad mhéid comhfhreagrach na risíochta ar an gcontrapháirtí. Leanfar den chuid eile den risíocht ar an gcontrapháirtí, más ann di, a láimhseáil mar risíocht ar an gcontrapháirtí.

▼M8

*Airteagal 403*

**Cur chuige ionadaíochta**

1. I gcás ina bhfuil risíocht ar chliant ráthaithe ag tríú páirtí, nó urraithe le comhthaobhacht arna heisiúint ag tríú páirtí, déanfaidh institiúid:

(a) an chuid den risíocht atá ráthaithe a láimhseáil mar risíocht ar an ráthóir seachas ar an gcliant, ar an gcoinníoll go sannfaí don risíocht neamhurraithe ar an ráthóir ualú priacail atá cothrom le, nó níos ísle ná, ualú priacail na risíochta neamhurraithe ar an gcliant faoi Chaibidil 2 de Theideal II de Chuid a Trí;

(b) an chuid den risíocht arna comhthaobhú le margadhluach na comhthaobhachta aitheanta a láimhseáil mar risíocht ar an tríú páirtí seachas ar an gcliant, ar an gcoinníoll go bhfuil an risíocht urrúsaithe le comhthaobhacht agus ar an gcoinníoll go sannfaí do chuid chomhthaobhaithe na risíochta ualú priacail atá cothrom le, nó níos ísle ná, ualú priacail na risíochta neamhurraithe ar an gcliant faoi Chaibidil 2 de Theideal II de Chuid a Trí.

▼**M8**

Ní úsáidfidh an institiúid an cur chuige dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír i gcás ina bhfuil neamhréir ann idir aibíocht na risíochta agus aibíocht na cosanta.

Chun críocha na Coda seo, ní fhéadfaidh institiúid an Modh Cuimsitheach Comhthaobhach Airgeadais agus an láimhseáil a leagtar amach i bpointe (b) den chéad fhomhír den mhír seo a úsáid ach amháin i gcás ina gceadaítear di an Modh Cuimsitheach Comhthaobhach Airgeadais agus an Modh Simplí Comhthaobhach Airgeadais araon a úsáid chun críocha Airteagal 92.

2. I gcás ina gcuireann institiúid pointe (a) de mhír 1 i bhfeidhm:

(a) i gcás ina bhfuil an ráthaíocht ainmnithe in airgeadra atá éagsúil ón airgeadra sin ina bhfuil an risíocht ainmnithe, déanfaidh an institiúid méid na risíochta a mheastar a bheith cumhdaithe a ríomh i gcomhréir leis na forálacha maidir le neamhréir airgeadra a láimhseáil le haghaidh cosaint neamhchistithe creidmheasa a leagtar amach i gCuid a Trí;

(b) láimhseálfaidh an institiúid neamhréir idir aibíocht na risíochta agus aibíocht na cosanta i gcomhréir leis na forálacha maidir le neamhréireacha aibíochta a láimhseáil a leagtar amach i gCaibidil 4 de Theideal II de Chuid a Trí;

(c) féadfaidh an institiúid cumhdach páirteach a aithint i gcomhréir leis an láimhseáil a leagtar amach i gCaibidil 4 de Theideal II de Chuid a Trí.

3. Chun críocha phointe (b) de mhír 1, féadfaidh institiúid an méid i bpointe (b) den mhír seo a chur in ionad an mhéid i bpointe (a) den mhír seo, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i bpointí (c), (d) agus (e) den mhír seo:

(a) méid iomlán risíochta na hinstitiúide ar eisitheoir urrúis chomhthaobhaigh de bharr comhaontuithe trí-pháirteacha athcheannaigh arna n-éascú ag gníomhaire trí-pháirteach;

(b) méid iomlán na dteorainneacha a thug an institiúid treoir don ghníomhaire trí-pháirteach dá dtagraítear i bpointe (a), a chur chun feidhme maidir leis na hurrúis arna n-eisiúint ag an eisitheoir urrúis chomhthaobhaigh dá dtagraítear sa phointe sin;

(c) tá an institiúid tar éis a fhíorú go ndearna an gníomhaire trí-pháirteach coimircí iomchuí a chur i bhfeidhm chun sáruithe ar na teorainneacha dá dtagraítear i bpointe (b) a chosc;

(d) níor chuir an t-údarás inniúil aon údar imní a bhaineann le hábhar in iúl;

(e) ní théann suim mhéid na teorann dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír seo agus aon risíochtaí eile de chuid na hinstitiúide ar an eisitheoir urrúis chomhthaobhaigh thar an teorainn a leagtar amach in Airteagal 395(1).

4. Eiseoidh ÚBE treoirlínte, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, lena sonrófar na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm na láimhseála dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, lena n-airítear na coinníollacha agus minicíocht maidir le teorainneacha a chinneadh, faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh orthu dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír sin.

Foilseoidh ÚBE na treoirlínte sin faoin 31 Nollaig 2019.

▼M5

---

▼B

CUID A SÉ

**LEACHTACHT**

TEIDEAL I

▼M8

**SAINMHÍNITHE AGUS CEANGLAIS LEACHTACHTA**

*Airteagal 411*

**Sainmhínithe**

Chun críocha na Coda seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "custaiméir airgeadais" custaiméir, lena n-áirítear custaiméir airgeadais ar custaiméir é de ghrúpaí corparáideacha neamhairgeadais, a dhéanann ceann nó níos mó de na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/36/AE mar a phríomhghnó, nó ar ceann díobh seo a leanas é:

(a) institiúid creidmheasa;

(b) gnólacht infheistíochta;

(c) eintiteas sainchuspóireach urrúsúcháin (SSPE);

(d) gnóthas comhinfheistíochta (GC);

(e) scéim infheistíochta neamh-cheannoscailte;

(f) gnóthas árachais;

(g) gnóthas athárachais;

(h) cuideachta shealbhaíochta airgeadais nó cuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha;

(i) institiúid airgeadais;

(j) socruithe scéime pinsean mar a shainmhínítear i bpointe (10) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;

(2) ciallaíonn "taisce miondíola" dliteanas i leith duine nádúrtha nó i leith FBM, i gcás ina gcáileodh an FBM d'aicme na risíochta ar mhiondíol faoin gcur chuige caighdeánaithe nó faoin gcur chuige inmheánach bunaithe ar rátálacha maidir le priacal creidmheasa, nó dliteanas i leith cuideachta atá incháilithe don láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 153(4) agus i gcás nach mó ná EUR 1 milliún na taiscí comhiomlána ón FBM nó ón gcuideachta sin ar bhonn grúpa;

(3) Ciallaíonn "cuideachta infheistíochta phearsanta" nó "CIP" gnóthas nó iontaobhas ar duine nádúrtha é an t-úinéir nó an t-úinéir tairbhiúil, nó ar grúpa de dhaoine nádúrtha é an t-úinéir nó an t-úinéir tairbhiúil, grúpa atá nasctha le chéile go dlúth agus nach bhfuil aon ghníomhaíocht eile tráchtála, thionsclaíoch nó ghairmiúil aige agus a bunaíodh chun críche saibhreas na n-úinéirí a bhainistiú agus chun na críche sin amháin, lena n-áirítear gníomhaíochtaí coimhdeacha amhail sócmhainní na n-úinéirí a leithscaradh ó shócmhainní corparáideacha, tarchur sócmhainní laistigh de theaghlach a éascú nó roinnt na sócmhainní a chosc tar éis do dhuine den teaghlach bás a fháil, ar choinníoll go bhfuil baint ag na gníomhaíochtaí coimhdeachta sin leis an bpríomhchuspóir saibhreas na n-úinéirí a bhainistiú;

▼M8

▼C7

(4) ciallaíonn "bróicéir taiscí" duine nádúrtha nó gnóthas a chuireann taiscí ó thríú páirtithe in institiúidí creidmheasa mar mhalairt ar tháille, lena n-áirítear taiscí miondíola agus taiscí corparáideacha ach gan taiscí ó chustaiméirí airgeadais a áireamh;

▼M8

(5) ciallaíonn "sócmhainní neamhualaithe" sócmhainní nach bhfuil faoi réir aon srian dlíthiúil, conarthach, nó rialála nó faoi réir aon srian eile a choisceann ar institiúidí na sócmhainní sin a leachtú, a dhíol, a aistriú, a thabhairt ar láimh nó, i gcoitinne, fáil réidh leis na sócmhainní sin trí dhíolachán glan amach nó trí chomhaontú athcheannaigh;

(6) ciallaíonn "rósholáthar urrúis chomhthaobhaigh neamhéigeantach" aon chuid de na sócmhainní nach bhfuil sé d'oibleagáid ar an institiúid a nascadh le heisiúint bannaí faoi chumhdach de bhua ceanglais dhlíthiúla nó ceanglais rialála, ceangaltais chonarthacha nó ar chúiseanna a bhaineann le disciplín an mhargaidh, lena n-áirítear go háirithe i gcás ina soláthrófar na sócmhainní de bhreis ar an gceanglas íosta dlíthiúil, reachtúil nó rialála maidir le rósholáthar urrúis chomhthaobhaigh is infheidhme i dtaca leis na bannaí faoi chumhdach faoi dhlí náisiúnta Ballstáit nó tríú tír;

(7) ciallaíonn "ceanglas maidir le cumhdach sócmhainní" an cóimheas idir sócmhainní agus dliteanais arna chinneadh i gcomhréir le dlí náisiúnta Ballstáit nó tríú tír ar mhaithe le feabhsuithe creidmheasa maidir le bannaí faoi chumhdach;

(8) ciallaíonn "iasachtaí corrlaigh" iasachtaí comhthaobhaithe a shíntear chuig custaiméirí chun críche suíomhanna giarála a ghlacadh;

(9) ciallaíonn "conarthaí díorthach" na conarthaí díorthach a liostaítear in Iarscríbhinn II agus díorthaigh chreidmheasa;

(10) ciallaíonn "strus" athrú tobann agus tromchúiseach chun donais ar shuíomh sócmhainneachta nó ar shuíomh leachtachta institiúide i ngeall ar athruithe ar dhálaí margaidh nó i ngeall ar fhachtóirí neamhghnácha a fhágann go bhfuil priacal suntasach ann nach mbeidh an institiúid in ann a ceangaltais a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite laistigh den 30 lá dar gcionn;

(11) ciallaíonn "sócmhainní leibhéal 1" sócmhainní a bhfuil leachtacht agus cáilíocht chreidmheasa thar a bheith ard acu dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 416(1);

(12) ciallaíonn "sócmhainní leibhéal 2" sócmhainní a bhfuil leachtacht agus cáilíocht chreidmheasa ard acu dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 416(1) den Rialachán seo; foroinntear sócmhainní Leibhéal 2 arís ina sócmhainní leibhéal 2A agus leibhéal 2B mar a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1);

(13) ciallaíonn "maolán leachtachta" méid shócmhainní leibhéal 1 agus leibhéal 2 atá ina seilbh ag institiúid i gcomhréir leis an ngníomh tarmligthe (AE) 460(1);

(14) ciallaíonn "glan-eis-sreabha leachtachta" an méid atá mar thoradh ar insreabha leachtachta institiúide a asbhaint dá heis-sreabha leachtachta;

▼M8

(15) ciallaíonn “airgeadra tuairiscithe” airgeadra an Bhallstáit ina bhfuil ceannoifig na hinstitiúide lonnaithe;

(16) ciallaíonn “fachtóireacht” comhaontú conarthach idir gnó (an “sannóir”) agus eintiteas airgeadais (an “fachtóir”) ina sannann nó ina ndíolann an sannóir a earraí infhaighte leis an bhfachtóir agus ina soláthraíonn an fachtóir, mar chúiteamh, ceann amháin nó níos mó de na seirbhísí seo a leanas don sannóir i ndáil leis na hearraí infhaighte a sannadh:

(a) réamhíocaíocht de chéatadán de mhéid na n-earraí infhaighte a sannadh, de ghnáth gearrthéarmach, neamhcheangailteach agus gan tar-rolladh uathoibríoch;

(b) bainistiú, bailiú agus cosaint creidmheasa i ndáil le hearraí infhaighte trína riarann an fachtóir, de ghnáth, mórleabhar díolachán an tsannóra agus trína mbailíonn sé na hearraí infhaighte in ainm an fhachtóra;

chun críocha Theideal IV, déileálfar le fachtóireacht mar mhaoiniú trádála;

(17) ciallaíonn “saoráid thiomanta creidmheasa nó leachtachta” saoráid chreidmheasa nó leachtachta atá neamh-inchúlghairthe nó inchúlghairthe ar bhonn coinníollach.

▼B

*Airteagal 412*

**Ceanglas maidir le cumhdach leachtachta**

1. Sealbhóidh institiúidí sócmhainní leachtacha, agus cumhdóidh suim luachanna na sócmhainní sin na heis-sreafaí leachtachta lúide na hinsreafaí leachtachta faoi dhálaí struis, ionas go n-áiritheofar go gcoinneoidh institiúidí leibhéil maolán leachtachta a bheidh leordhóthanach chun dul i ngleic le haon éagothroime a d'fhéadfadh a bheith idir insreafaí agus eis-sreafaí leachtachta faoi dhálaí mórstruis thar thréimhse tríocha lá. Le linn tréimhsí struis, féadfaidh institiúidí a gcuid sócmhainní leachtacha a úsáid chun a gcuid glan-eis-sreafaí leachtachta a chumhdach.

▼M8

2. Ní dhéanfaidh institiúidí eis-sreabha leachtachta, insreabha leachtachta ná sócmhainní leachtacha a chomhaireamh faoi dhó.

Mura sonraítear a mhalairt sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1), i gcás inar féidir ítim a chomhaireamh i níos mó ná catagóir eis-sreabh amháin, déanfar í a chomhaireamh sa chatagóir eis-sreabh is mó a sholáthraíonn eis-sreabha conarthacha don ítim sin.

▼B

3. Féadfaidh institiúidí na sócmhainní leachtacha dá dtagraítear i mír 1 a úsáid chun a gcuid oibleagáidí faoi dhálaí struis a chomhlíonadh mar atá sonraithe faoi Airteagal 414.

4. Beidh feidhm go heisiach ag na forálacha atá leagtha amach i dTeideal II chun oibleagáidí tuairiscithe a shonrú atá leagtha amach in Airteagal 415.

▼M9

4a. Beidh feidhm ag an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1) maidir le hinstitiúidí.

▼B

5. Féadfaidh Ballstáit forálacha náisiúnta i réimse na gceanglas maidir le leachtacht a choinneáil ar bun nó a thabhairt isteach sula sonraítear íoschaighdeáin cheangailteacha i dtaca le ceanglais maidir le cumhdach leachtachta agus sula dtugtar isteach san Aontas ina n-iomláine iad i gcomhréir le hAirteagal 460. Féadfaidh Ballstáit nó údaráis inniúla a cheangal ar institiúidí atá údaraithe ar bhonn intíre, nó ar fhothacar de na hinstitiúidí sin, ceanglas níos airde maidr le cumhdach leachtachta suas le 100 % a choinneáil go dtí go dtabharfar isteach an t-íoschaighdeán ceangailteach ina iomláine de réir ráta 100 % i gcomhréir le hAirteagal 460.

▼M8

*Airteagal 413*

**Ceanglas glanchistiúcháin chobhsaí**

1. Áiritheoidh na hinstitiúidí go gcomhlíonfar ítimí fadtéarmacha maidir le sócmhainní agus ítimí fadtéarmacha atá lasmuigh den chlár comhardaithe go leordhóthanach trí thacar éagsúil ionstraimí cistiúcháin atá cobhsaí faoi ghnáthchúinsí agus faoi chúinsí struis araon.

2. Beidh feidhm go heisiach ag na forálacha a leagtar amach i dTeideal III chun oibleagáidí tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 415 a shonrú go dtí go sonrófar oibleagáidí tuairiscithe a leagtar amach san Airteagal sin maidir leis an gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí a leagtar amach i dTeideal IV agus go dtí go dtabharfar isteach i ndlí an Aontais iad.

3. Beidh feidhm ag na forálacha a leagtar amach i dTeideal IV chun an ceanglas glanchistiúcháin chobhsaí a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo agus oibleagáidí tuairiscithe le haghaidh institiúidí a leagtar amach in Airteagal 415 a shonrú.

4. Féadfaidh Ballstáit forálacha náisiúnta i réimse na gceanglas cistiúcháin chobhsaí a choinneáil nó a thabhairt isteach sula dtiocfaidh i bhfeidhm íoschaighdeáin cheangailteacha i dtaca le ceanglais ghlanchistiúcháin chobhsaí a leagtar amach i mír 1.

*Airteagal 414*

**Ceanglais leachtachta a chomhlíonadh**

Tabharfaidh institiúid nach gcomhlíonann, nó nach dóigh léi go gcomhlíonfaidh sí, na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 413(1), lena n-áirítear le linn tréimhsí struis, tabharfaidh sí fógra láithreach do na húdaráis inniúla agus cuirfidh sí plean gan aon mhoill mhíchuí faoi bhráid na n-údarás inniúil chun go gcomhlíonfaidh sí na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 412 nó Airteagal 413(1) arís go tráthúil, de réir mar is iomchuí. Go dtí go dtosófar ag comhlíonadh an Airteagail sin arís, tabharfaidh an institiúid tuairisc faoi na hítimí dá dtagraítear i dTeideal III, i dTeideal IV, sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 415(3) nó (43a) nó sna gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1), de réir mar is iomchuí, go laethúil faoi dheireadh gach lae gnó mura dtugann an t-údarás inniúil údarú maidir le minicíocht tuairiscithe níos ísle agus moill tuairiscithe níos faide. Ní dhéanfaidh údaráis inniúla údaruithe den sórt sin a cheadú ach amháin ar bhonn cáis aonair na hinstitiúide agus méid agus castacht ghníomhaíochtaí na hinstitiúide á gcur san áireamh. Déanfaidh údaráis inniúla faireachán ar chur chun feidhme an phlean sin chun filleadh ar chomhlíonadh agus ceanglóidh siad, i gcás inarb iomchuí, go ndéanfaí na ceanglais a chomhlíonadh arís i dtréimhse níos giorra.

▼B

TEIDEAL II

**TUAIRISCIÚ LEACHTACHTA**

*Airteagal 415*

**Oibleagáid tuairiscithe agus formáid an tuairiscithe**

▼M8

1. Tuairisceoidh institiúidí na hítimí dá dtagraítear sna caighdeáin theicniúla chur chun feidhme dá dtagraítear i mír 3 nó 3a den Airteagal seo, i dTeideal IV agus sna gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1) do na hinstitiúidí inniúla san airgeadra tuairiscithe, beag beann ar ainmníocht iarbhír na n-ítimí sin. Go dtí go sonrófar an oibleagáid tuairiscithe agus an fhormáid tuairiscithe maidir leis an gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí a leagtar amach i dTeideal IV agus go dtí go dtabharfar isteach i ndlí an Aontais iad, tabharfaidh institiúidí tuairisc do na húdaráis inniúla maidir leis na hítimí dá dtagraítear i dTeideal III san airgeadra tuairiscithe, beag beann ar ainmníocht iarbhír na n-ítimí sin.

Uair sa mhí ar a laghad a bheidh sa mhinicíocht tuairiscithe i gcás ítimí dá dtagraítear sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1) agus uair sa ráithe ar a laghad i gcás ítimí dá dtagraítear i dTeideal III agus i dTeideal IV.

2. Déanfaidh institiúid tuairisciú ar leith do na húdaráis inniúla ar na hítimí dá dtagraítear sna caighdeáin theicniúla chur chun feidhme dá dtagraítear i mír 3 nó 3a den Airteagal seo, i dTeideal III go dtí go sonrófar an oibleagáid tuairiscithe agus an fhormáid tuairiscithe maidir leis an gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí a leagtar amach i dTeideal IV agus go dtí go dtabharfar isteach i ndlí an Aontais iad, i dTeideal IV agus sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1), de réir mar is iomchuí, i gcomhréir leis na nithe seo a leanas:

(a) i gcás ina bhfuil ítimí ainmnithe in airgeadra nach é an t-airgeadra tuairiscithe é agus a bhfuil dliteanais chomhiomlána ag an institiúid atá ainmnithe in airgeadra den sórt sin arb ionann iad agus 5 % de dhliteanais iomlána na hinstitiúide nó an fhoghrúpa leachtachta aonair, nó a sháraíonn 5 %, gan cistí dílse agus ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe a áireamh, déanfar an tuairisciú in airgeadra na hainmníochta;

(b) i gcás ina bhfuil ítimí ainmnithe in airgeadra ar airgeadra Ballstáit óstaigh é ina bhfuil brainse suntasach dá dtagraítear in Airteagal 51 de Threoir 2013/36/AE ag an institiúid agus ina n-úsáideann an Ballstát óstach sin airgeadra eile nach é an t-airgeadra tuairiscithe é, déanfar an tuairisciú in airgeadra an Bhallstáit ina bhfuil an brainse suntasach lonnaithe;

(c) i gcás ina n-ainmnítear ítimí san airgeadra tuairiscithe, agus i gcás inarb ionann méid comhiomlán na ndliteanas in airgeadraí eile nach iad an t-airgeadra tuairiscithe iad agus 5 % de dhliteanais iomlána na hinstitiúide nó an fhoghrúpa leachtachta aonair iad, nó a sháraíonn 5 %, gan cistí dílse agus ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe a áireamh, déanfar an tuairisciú san airgeadra tuairiscithe.

3. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme d'fhonn an méid seo a leanas a shonrú:

▼M8

(a) formáidí aonfhoirmeacha agus réitigh TF le treoracha gaolmhara maidir le minicíochtaí agus maidir le dátaí tagartha agus íocaíochta; beidh na formáidí agus na minicíochtaí tuairiscithe i gcomhréir le cineál, le scála agus le castacht ghníomhaíochtaí na n-institiúidí éagsúla agus áireofar orthu an tuairisciú atá riachtanach igcomhréir le míreanna 1 agus 2;

(b) beidh meadarachtaí faireacháin leachtachta breise riachtanach, d'fhonn cead a thabhairt d'údaráis inniúla léargas cuimsitheach a fháil ar phróifíl priacal leachtachta institiúide, a bheidh comhréireach le cineál, le scála agus le castacht ghníomhaíochtaí na hinstitiúide.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin maidir leis na hítimí sin a shonraítear i bpointe (a) faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Feabhra 2015, agus maidir leis na hítimí a shonraítear i bpointe (b,) faoin 1 Eanáir 2014.

Tugtar cumhacht don Choimisiún chun na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

3a. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme d'fhonn a shonrú na méadrachtaí breise faireacháin leachtachta mar a thagraítear dóibh i mír 3, a mbeidh feidhm acu maidir le hinstitiúidí beaga agus neamhchasta.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [bliain amháin tar éis an dáta a dtiocfaidh an Rialachán leasaitheach seo i bhfeidhm].

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

▼B

4. Arna iarraidh sin, soláthróidh údaráis inniúla na mBallstát baile an tuairisciú aonair ar bhonn tráthúil agus trí mheán leictreonach do na húdaráis inniúla agus do bhanc ceannais na mBallstát óstach agus doÚBE i gcomhréir leis an Airteagal seo.

►C2 5. Déanfaidh údaráis inniúla a fheidhmíonn maoirseacht ar bhonn comhdhlúite i gcomhréir le hAirteagal 111 de Threoir 2013/36/AE ◄ gach tuairisc, arna iarraidh sin, atá curtha isteach ag an institiúid, a thabhairt ar bhonn tráthúil agus trí mheán leictreonach do na húdaráis seo a leanas i gcomhréir leis na formáidí aonfhoirmeacha dá dtagraítear i mír 3

(a) na húdaráis inniúla agus banc ceannais náisiúnta na mBallstát aíochta ina bhfuil brainsí móra i gcomhréir le hAirteagal 51 de Threoir 2013/36/AE de chuid na máthairinstitiúide nó institiúidí arna rialú ag an máthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais chéanna;

(b) na húdaráis inniúla a bhfuil fochuideachtaí údaraithe acu den mháthairinstitiúid nó d'institiúidí arna rialú ag an máthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais chéanna agus ag banc ceannais an Bhallstáit chéanna;

(c) ÚBE;

(d) BCE.

▼B

6. Na húdaráis inniúla a thug údarú d'institiúid ar fochuideachta de mháthairinstitiúid nó de mháthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais í, déanfaidh siad gach tuairisc, arna iarraidh sin, atá curtha isteach ag an institiúid i gcomhréir leis na formáidí tuairiscithe aonfhoirmeacha dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt ar bhonn tráthúil agus trí mheán leictreonach do na húdaráis inniúla a dhéanfaidh maoirseacht ar bhonn comhdhlúite i gcomhréir le hAirteagal 111 de Threoir 2013/36/AE, do bhanc ceannais an Bhallstáit ina bhfuil an institiúid údaraithe agus do ÚBE.

*Airteagal 416*

**Tuairisc a thabhairt maidir le sócmhainní leachtacha**

1. Tuairisceoidh na hinstitiúidí na nithe seo a leanas mar shócmhainní leachtacha mura bhfuil siad eisiata le mír 2 sa chás go gcomhlíonann na sócmhainní leachtacha na coinníollacha i mír 3 agus sa chás sin amháin:

(a) airgead agus risíochtaí ar bhainc cheannais a mhéid isféidir na risíochtaí sin a aistarraingt ag aon am i dtréimhsí struis. Maidir le taiscí atá á sealbhú le bainc cheannais, beidh sé mar aidhm ag an údarás inniúil agus ag an mbanc ceannais teacht ar chomhthuiscint i dtaobh a mhéid is féidir cúlchistí íosta a aistarraingt i dtréimhsí struis:

(b) sócmhainní inaistrithe eile a bhfuil cáilíocht leachtachta agus creidmheasa fíor-ard ag baint leo;

(c) sócmhainní inaistrithe in ionannas d'éilimh orthu seo a leanas nó atá ráthaithe acu:

(i) rialtas lárnach Ballstáit, réigiún a bhfuil neamhspleáchas fioscach aige chun cáin a ghearradh agus a bhailiú, nó de chuid tríú tír, in airgeadra baile an rialtais lárnaigh nó réigiúnaigh, sa chás go dtabhaíonn an institiúid priacal leachtachta sa Bhallstát sin nó sa tríú tír sin a chumhdaíonn sí trí na sócmhainní leachtacha sin a shealbhú;

(ii) bainc cheannais agus eintitis earnála poiblí, in airgeadra baile an bhainc ceannais agus an eintitis earnála poiblí;

(iii) an Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta, an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, an Coimisiún agus bainc forbartha iltaobhacha;

(iv) an tSaoráid Chobhsaíochta Airgeadais Eorpach an Sásra Cobhsaíochta Eorpach

(d) sócmhainní inaistrithe a bhfuil cáilíocht leachtachta agus creidmheasa ard ag baint leo.

(e) saoráidí creidmheasa fuireachais a dheonaíonn bainc cheannais laistigh de raon feidhme beartais airgeadaíochta a mhéid nach ndéantar na saoráidí sin a chomhthaobhú le sócmhainní leachtacha ach gan cúnamh leachtachta éigeandála a áireamh;

▼B

(f) i gcás ina bhfuil an institiúid chreidmheasa i seilbh líonra i gcomhréir le forálacha dlí nó le forálacha reachtúla, na híostaiscí dlíthiúla nó reachtúla atá leis an institiúid chreidmheasa lárnach agus cistiú leachtach reachtúil eile nó cistiú leachtach atá ar fáil ar bhonn conarthach ón institiúid chreidmheasa lárnach nó ó institiúidí creidmheasa lárnacha ar baill iad den líonra dá dtagraítear in Airteagal 113 (7), nó atá incháilithe le haghaidh an tarscaoilte dá bhforáiltear in Airteagal 10, a mhéid nach gcomhthaobhaítear an cistiú sin le sócmhainní leachtacha.

Go dtí go sonrófar sainmhíniú aonfhoirmeach i gcomhréir le hAirteagal 460 ar cháilíocht leachtachta agus creidmheasa ard agus an-ard, sainaithneoidh institiúidí féin, in airgeadra faoi leith, sócmhainní inaistrithe a bhfuil cáilíocht leachtachta agus creidmheasa ard nó an-ard ag baint leo, faoi seach. Go dtí go sonófar sainmhíniú aonfhoirmeach, féadfaidh údaráis inniúla, agus na critéir atá liostaithe in Airteagal 509(34) (4) agus (5) á gcur san áireamh, treoir ghinearálta a thabhairt a leanfaidh institiúidí chun sócmhainní a bhfuil cáilíocht leachtachta agus creidmheasa ard agus an-ard ag baint leo a shainaithint. In éagmais treorach den sórt sin, úsáidfidh institiúidí critéir a bheidh trédhearcach agus oibiachtúil chuige sin, lena n-áirítear roinnt de na critéir atá liostaithe in Airteagal 509(34) (4) agus (5) nó iad ar fad.

2. Ní mheasfar gur sócmhainní leachtacha iad seo a leanas:

(a) sócmhainní arna n-eisiúint ag institiúid chreidmheasa mura gcomhlíonann siad ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

(i) is bannaí iad atá incháilithe don láimhseáil atá leagtha amach in Airteagal 129(44) nó (5) nó is ionstraimí sócmhainnbhunaithe iad sa chás go dtaispeántar gur den cháilíocht creidmheasa is airde iad de réir mar a shuífidh ÚBE de bhun na gcritéar in Airteagal 509(3), (4) agus (5);

▼M10

(ii) is bannaí faoi chumhdach iad mar a shainmhínítear i bpointe (1) Airteagal 3 de Threoir (AE) 2019/2019/2162 seachas iad sin dá dtagraítear i bpointe (i) den phointe seo;

▼B

(iii) bhunaigh rialtas lárnach nó rialtas réigiúnach Ballstáit an institiúid chreidmheasa, agus tá oibleagáid ar an rialtas sin bonn eacnamaíoch na hinstitiúide a chosaint agus a hinmharthanacht a choinneáil ar feadh a saoil; nó tá an tsócmhainn ráthaithe go sainráite ag an rialtas sin; nó tá 90 % ar a laghad de na hiasachtaí arna dtabhairt agan institiúid ráthaithe go díreach nó go hindíreach ag an rialtas sin agus baintear feidhm as an tsócmhainn go príomha chun cistiú a dhéanamh ar iasachtaí cur chun cinn a thugtar ar bhonn neamhiomaíoch, gan beann ar bhrabús, chun cuspóirí beartais phoiblí an rialtais sin a chur chun cinn;

(b) sócmhainní a sholáthraítear don institiúid mar chomhthaobhacht faoi idirbhearta comhaontaithe athcheannaigh droim ar ais agus idirbhearta cistithe urrús agus nach sealbhaíonn an institiúid ach amháin mar mhaolaitheoir ar phriacal creidmheasa agus nach bhfuil ar fáil don institiúid lena n-úsáid ar bhonn dlíthiúil agus conarthach;

(c) sócmhainní arna n-eisiúint ag aon cheann díobh seo a leanas:

▼B

(i) gnólacht infheistíochta;

(ii) gnóthas árachais;

(iii) cuideachta shealbhaíochta airgeadais;

(iv) cuideachta shealbhaíochta airgeadais mheasctha;

(v) aon eintiteas eile a dhéanann ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2013/36/AE mar a phríomhghnó.

▼M8

3. I gcomhréir le fomhír 1, is iad na sócmhainní a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas mar shócmhainní leachtacha na sócmhainní a ndéanfaidh institiúidí tuairisciú orthu:

(a) tá na sócmhainní neamhualaithe nó tá siad ar fáil i gcomhthiomsuithe comhthaobhachta a mbainfear úsáid astu chun cistiúchán breise a fháil faoi línte creidmheasa geallta, nó i gcás ina bhfuil an comhthiomsú á fheidhmiú ag banc ceannais, faoi línte creidmheasa nach bhfuil geallta, agus atá ar fáil don institiúid ach nach bhfuil cistithe go fóill;

(b) ní eisíonn an institiúid féin ná a máthairinstitiúid ná a fo-institiúid na sócmhainní, ná fochuideachta eile dá máthairinstitiúid nó dá máthairchuideachta shealbhaíochta airgeadais;

(c) comhaontaíonn rannpháirtithe margaí praghas na sócmhainní de ghnáth agus is féidir é a fheiceáil go héasca sa mhargadh, nó is féidir an praghas a chinneadh de réir foirmle atá éasca a ríomh bunaithe ar ionchuir atá ar fáil go poiblí agus nach dtéann i muinín toimhdí láidre mar a tharlaíonn de ghnáth i gcás táirgí struchtúrtha nó coimhthíocha;

(d) tá na sócmhainní liostaithe ar mhalartán aitheanta nó tá siad intrádála trí dhíolachán glan amach nó trí chomhaontú athcheannaigh simplí ar mhargaí athcheannaigh; déanfar measúnú ar leithligh ar na critéir sin do gach margadh.

Ní bheidh feidhm ag na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe (c) agus i bpointe (d) den chéad fhomhír maidir leis na sócmhainní dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (e) agus i bpointe (f) de mhír 1.

▼B

4. D'ainneoin fhorálacha mhír 1, mhír 2 agus mhír 3, go dtí go ndéanfar sonraíocht maidir le ceanglas leachtachta ceangailteach i gcomhréir le hAirteagal 460 agus i gcomhréir leis an dara fomhír de mhír 1 den Airteagal seo, tabharfaidh institiúidí tuairisc ar na nithe seo leanas:

(a) sócmhainní incháilithe eile nach sócmhainníbainc ceannais ach is sócmhainní intrádála iad amhail cothromais agus ór, bunaithe ar chritéir thrédhearcacha agus oibiachtúla, lena n-áirítear roinnt de na critéir atá liostaithe in Airteagal 509(4) nó iad ar fad;

▼B

(b) sócmhainní incháilithe intrádála eile bainc ceannais amhail ionstraimí sócmhainn-bhunaithe den cháilíocht creidmheasa is airde, de réir mar a shuífidh ÚBE de bhun na gcritéar in Airteagal 509(3),(4) agus (5);

(c) sócmhainní incháilithe eile bainc ceannais nach sócmhainní intrádála iad, amhail éilimh chreidmheasa, de réir mar a shuífidh ÚBE de bhun na gcritéar in Airteagal 509(3), (4) agus (5).

▼M8

5. Féadfar scaireanna nó aonaid i GCanna a láimhseáil mar shócmhainní leachtacha, suas le méid absalóideach EUR 500 milliún nó an méid comhionann in airgeadra intíre, i bpunann sócmhainní leachtacha gach institiúide, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 132(3) agus, seachas díorthaigh chun priacal ráta úis nó priacal creidmheasa nó airgeadra a mhaolú, nach ndéanann GC infheistíocht ach amháin i sócmhainní leachtacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

Ní fhágfaidh úsáid nó úsáid ionchasach ionstraimí díorthaigh ag GC chun priacail maidir le hinfheistíochtaí ceadaithe a fhálú go mbeidh cosc ar an GC sin a bheith incháilithe maidir leis an gcóireáil dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo. I gcás nach ndéanann na tríú páirtithe dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) d'Airteagal 418(4) luach scaireanna nó aonad GC a mharcáil ón margadh go rialta agus i gcás nach bhfuil an t-údarás inniúil sásta go bhfuil modheolaíochtaí agus próisis láidre forbartha ag institiúid le haghaidh luacháil den sórt sin dá dtagraítear in Airteagal 418(4), ní láimhseálfar scaireanna nó aonaid sa GC sin mar shócmhainní leachtacha.

6. I gcás ina scoireann sócmhainn leachtach den cheanglas le haghaidh sócmhainní leachtacha a leagtar amach san Airteagal seo a chomhlíonadh, féadfaidh institiúid, dá ainneoin sin, leanúint dá meas mar shócmhainn leachtach ar feadh tréimhse breise 30 lá. I gcás ina scoireann sócmhainn leachtach i GC de bheith incháilithe le haghaidh na láimhseála a leagtar amach i mír 5, féadfaidh na scaireanna nó na haonaid sa GC, dá ainneoin sin, leanúint dá meas mar shócmhainn leachtach le haghaidh tréimhse breise 30 lá ar an gcoinníoll nach sáróidh na sócmhainní sin 10 % de shócmhainní foriomlána an GC.

___

▼B

*Airteagal 417*

**Ceanglais oibriúcháin le haghaidh sealúchas sócmhainní leachtacha**

Ní dhéanfaidh an institiúid ach na sealúchais sócmhainní leachtacha sin a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas a thuairisciú mar shócmhainní leachtacha:

▼C2

(a) tá siad éagsúlaithe go hiomchuí. Ní cheanglaítear éagsúlú i dtéarmaí sócmhainní a chomhfhreagraíonn do phointe (a), do phointe (b) agus do phointe (c) d'Airteagal 416(1);

▼B

(b) tá siad ar fáil go héasca lena leachtú, de réir dlí agus de réir mar is praiticiúil aon tráth le linn an 30 lá dar gcionn, trí dhíolacháin glan amach nó trí chomhaontú simplí athcheannaigh ar mhargaí athcheannaigh atá formheasta d'fhonn oibleagáidí a thiocfaidh chun bheith dlite a chomhlíonadh. Sócmhainní leachtacha dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 416(1) atá á sealbhú i dtríú tíortha ina bhfuil srianta aistrithe nó atá ainmnithe in airgeadraí nach bhfuil inmhalartaithe, ní mheasfar go mbeidh siad ar fáil ach amháin sa mhéid is go bhfuil siad ag freagairt d'eis-sreafaí sa tríú tír nó san airgeadra atá i gceist; ach amháin i gcás gur féidir leis an Iinstitiúid a léiriú do na húdaráis inniúla go bhfuil sí tar éis an priacal airgeadra a leanann as a fhálú go hiomchuí;

(c) tá na sócmhainní leachtacha á rialú ag feidhm bhainistíochta leachtachta;

▼C2

(d) déantar leachtú go tréimhsiúil agus go bliantúil ar a laghad ar chuid de na sócmhainní leachtacha seachas na sócmhainní sin dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (c) agus i bpointe (e) d'Airteagal 416(1), trí dhíolacháin glan amach nó trí chomhaontuithe simplí athcheannaigh ar mhargadh athcheannaigh atá formheasta chun na críocha seo a leanas:

▼B

(i) tástáil a dhéanamh ar rochtain na sócmhainní sin ar an margadh;

(ii) éifeachtacht a cuid próiseas a thástáil chun na sócmhainní a leachtú;

(iii) úsáideacht na sócmhainní a thástáil;

(iv) an priacal a bhaineann le comharthaíocht dhiúltach le linn tréimhse struis a íoslaghdú;

(e) féadfar priacail praghsanna a bhaineann leis na sócmhainní a fhálú ach beidh na sócmhainní leachtacha faoi réir ag socruithe inmheánacha iomchuí a áirithíonn go mbeidh siad ar fáil aon tráth don státchiste nuair is gá agus go háirithe nach n-úsáidfear iad in oibríochtaí leanúnacha eile, lena n-áirítear:

(i) fálú nó straitéisí trádála eile;

(ii) feabhsuithe creidmheasa a thabhairt in idirbhearta struchtúrtha;

(iii) chun costais oibriúcháin a chumhdach.

(f) tá ainmníocht na sócmhainní leachtacha comhsheasmhach leis an dáileadh de réir airgeadra d'eis-sreafaí leachtachta tar éis insreafaí a asbhaint.

*Airteagal 418*

**Luacháil na sócmhainní leachtacha**

1. Beidh luach sócmhainne leachtaí atá le tuairisciú comhionann lena margadhluach, faoi réir ag caolchorrlaigh iomchuí trína léirítear an fad tréimhse, an priacal creidmheasa agus leachtachta agus gnáth-chaolchorrlaigh athcheannaigh i dtréimhsí struis ghinearálta sa mhargadh. Ní bheidh na caolchorrlaigh níos lú ná 15 % le haghaidh na sócmhainní dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 416(1). Má fhálaíonn an institiúid an priacal praghais a bhaineann le sócmhainn, cuirfidh sí san áireamh an sreabhadh airgid a a eascraíonn ó shocraíocht ionchasach an fhálaithe.

▼B

2. Beidh scaireanna nó aonaid in GCanna dá dtagraítear in Airteagal 416 (6) faoi réir ag caolchorrlaigh, agus trébhreathnú á dhéanamh ar na sócmhainní foluiteacha mar seo a leanas:

(a) 0 % i gcás na sócmhainní dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 416 (1);

(b) 5 % i gcás na sócmhainní dá dtagraítear i bpointe (b) agus pointe (c) d'Airteagal 416 (1);

(c) 20 % i gcás na sócmhainní dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 416 (1).

3. Cuirfear an cur chuige trébhreathnaitheach dá dtagraítear i mír 2 i bhfeidhm mar a leanas:

(a) i gcás gurb eol don institiúid risíochtaí foluiteacha GC, féadfaidh sí trébhreathnú a dhéanamh ar na risíochtaí foluiteacha sin d'fhonn iad a shannadh do phointí (a) go (d) d'Airteagal 416(1);

(b) i gcás nach eol don institiúid risíochtaí foluiteacha GC, toimhdeofar go ndéanann an GC infheistíocht, go dtí an t-uasmhéid a cheadaítear faoina sainordú, in ord íslitheach sna cineálacha sócmhainne dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) d'Airteagal 416(1) go dtí go mbaintear amach an teorainn infheistíochta iomlán uasta.

4. Forbróidh institiúidí modheolaíochtaí agus próisis láidre chun an margadhluach agus na caolchorrlaigh a ríomh agus a thuairisciú le haghaidh scaireanna nó aonad in GCanna. Ní fhéadfaidh institiúidí dul i muinín na dtríú páirtithe seo a leanas chun na caolchorrlaigh a ríomh agus a thuairisciú le haghaidh scaireanna nó aonad in GCanna, i gcomhréir leis na modhanna atá leagtha amach i bpointe (a) agus pointe (b) de mhír 3,

(a) institiúid taisclainne an GC ar an gcoinníoll go ndéanann an GC infheistiú eisiach in urrúis agus go gcuireann sé gach urrús i dtaisce san institiúid taisclainne sin;

(b) maidir le GCanna eile, cuideachta bhainistíochta an GC, ar an gcoinníoll go gcomhlíonann cuideachta bhainistíochta an GC na critéir atá leagtha amach in Airteagal 132(3)(a).

Deimhneoidh iniúchóir seachtrach cruinneas na ríomhanna arna ndéanamh ag an institiúid taisclainne nó ag cuideachta bhainistíochta an GC.

*Airteagal 419*

**Airgeadraí ina bhfuil teorainn le hinfhaighteacht sócmhainní leachtacha**

1. Déanfaidh ÚBE measúnú ar an bhfáil a bheidh ag institiúidí ar na sócmhainní leachtacha dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 416(1) sna hairgeadraí atá ábhartha d'institiúidí a bhunaítear san Aontas.

▼M8

2. I gcás inar mó na riachtanais chuí-réasúnaithe le sócmhainní leachtacha i bhfianaise an cheanglais in Airteagal 412 ná infhaighteacht na sócmhainní leachtacha sin in airgeadra, beidh feidhm ag ceann amháin nó níos mó de na maoluithe seo a leanas:

(a) de mhaolú ar phointe (f) d'Airteagal 417, féadfaidh ainmníocht na sócmhainní leachtacha a bheith ar neamhréir le dáileadh de réir airgeadra eis-sreabha leachtachta tar éis insreabha a asbhaint;

(b) i gcás airgeadraí Ballstáit nó tríú tíortha, féadfar línte creidmheasa ó bhanc ceannais an Bhallstáit sin nó an tríú tír sin, atá tiomanta go neamh-inchúlghairthe ar bhonn conarthach don 30 lá dar gcionn agus a bhfuil a bpraghsanna socraithe go cóir, neamhspleách ar an méid atá tarraingthe faoi láthair, a chur in ionad sócmhainní leachtacha riachtanacha, ar an gcoinníoll go ndéanann údaráis inniúla an Bhallstáit sin nó an tríú tír sin an rud céanna agus ar an gcoinníoll go bhfuil ceanglais tuairiscithe inchomparáide i bhfeidhm ag an mBallstát sin nó ag an tríú tír sin;

(c) i gcás ina bhfuil easnamh de shócmhainní leibhéal 1 ann, féadfaidh sócmhainní breise leibhéal 2A a bheith ina seilbh ag an institiúid faoi réir caolchorrlaigh níos airde agus aon uasteorainn is infheidhme maidir leis na sócmhainní sin i gcomhréir leis an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1), féadfar í a leasú.

▼B

3. Beidh na maoluithe a chuirfear i bhfeidhm i gcomhréir le mír 2 comhréireach go hinbhéartach le hinfhaighteacht na sócmhainní ábhartha. Déanfar measúnú ar riachtanais chuí-réasúnaithe institiúidí, agus an cumas atá acu chun laghdú a dhéanamh á chur san áireamh, trí bhainistíocht leachtachta fhónta, ar an ngá atá leis na sócmhainní leachtacha sin agus le sealúchais na sócmhainní sin ag rannpháirtithe eile sa mhargadh.

4. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ina liostaítear na hairgeadraí a chomhlíonann na ceanglais atá leagtha amach san Airteagal seo.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Márta 2014.

Tugtar cumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

▼M8

5. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na maoluithe dá dtagraítear i mír 2 a shainiú, lena n-áirítear na coinníollacha faoina gcuirfear i bhfeidhm iad.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Nollaig 2019.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

▼B

*Airteagal 420*

**Eis-sreabha leachtachta**

1. Go dtí go ndéanfar sainiú ar cheanglas leachtachta i gcomhréir le hAirteagal 460, áireofar na nithe seo a leanas ar na heis-sreafaí leachtachta a thuairisceofar:

(a) an méid reatha gan íoc maidir le taiscí miondíola mar atá leagtha amach in Airteagal 421;

▼B

(b) na méideanna reatha gan íoc de dhliteanais eile a thiocfaidh chun bheith dlite, is féidir leis na hinstitiúidí eisiúna nó le soláthraí an chistithe glaoch lena n-íoc amach nó ina bhfuil ionchas intuigthe ag soláthraí an chistithe go n-aisíocfaidh an institiúid an dliteanas le linn an 30 lá dar gcionn mar atá leagtha amach in Airteagal 422;

(c) na heis-sreafaí breise dá dtagraítear in Airteagal 423;

(d) an t-uasmhéid is féidir a aistarraingt i rith an 30 lá dar gcionn as saoráidí tiomanta creidmheasa agus leachtachta neamhtharraingthe, de réir mar atá sé leagtha amach in Airteagal 424;

(e) na heis-sreafaí breise a sainaithníodh sa mheasúnú i gcomhréir le mír 2.

2. Déanfaidh institiúidí measúnú rialta ar dhóchúlacht agus ar mhéid ionchasach n-eis-sreafaí leachtachta sa 30 lá dar gcionn chomh fada is a bhaineann sé le táirgí nó seirbhísí nach bhfuil gafa in Airteagal 422, Airteagal 423 agus Airteagal 424 agus atá tairgthe nó urraithe acu nó a mheasfadh ceannaitheoirí féideartha go raibh baint acu leo, lena n-áirítear eis-sreafaí leachtachta a eascróidh as aon chomhaontuithe conarthacha, amhail oibleagáidí eile lasmuigh den chlár comhardaithe agus oibleagáidí cistithe teagmhasacha, ach nach mbeidh siad teoranta dóibh sin amháin, agus lena n-áirítear saoráidí tiomanta cistiúcháin, iasachtaí neamhtharraingthe agus airleacain do chontrapháirtithe mórdhíola, morgáistí a comhaontaíodh ach nár tarraingíodh anuas go fóill, cártaí creidmheasa, rótharraingtí, eis-sreafaí beartaithe a bhaineann le hiasachtaí nua miondíola nó mórdhíola a athnuachan nó a fhadú, díorthaigh iníoctha beartaithe agus táirgí a bhaineann le creidmheas trádála lasmuigh den chlár comhardaithe, ach nach mbeidh siad teoranta dóibh sin amháin, de réir mar a thagraítear dóibh in Airteagal 429 agus in Iarscríbhinn 1. Déanfar measúnú ar na heis-sreafaí seo faoin toimhde a bhaineann le meascán de chás neamhghnách agus de chás struis ar fud an mhargaidh.

Chun an measúnú sin a dhéanamh, cuirfidh institiúidí san áireamh go háirithe damáistí ábhartha do chlú a d'fhéadfadh tarlú i ngeall ar thacaíocht leachtachta gan a bheith curtha ar fáil acu do tháirgí nó do sheirbhísí den sórt sin. Déanfaidh institiúidí na táirgí agus seirbhísí sin a bhfuil dóchúlacht agus méid ionchasach na n-eis-sreafaí leachtacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír ina leith ábhartha, déanfaidh siad a dtuairisciú do na húdaráis inniúla uair sa bhliain ar a laghad agus cinnfidh na húdaráis inniúla na heis-sreafaí a bheidh le sannadh. Féadfaidh na húdaráis inniúla ráta eis-sreafa 5 % a chur i bhfeidhm maidir le hearraí a bhaineann le creidmheas trádála lasmuigh den chlár comhardaithe, de réir mar a shainmhínítear é in Airteagal 429 agus in Iarscríbhinn 1.

Tabharfaidh na húdaráis inniúla tuairisc ar bhonn bliantúil ar a laghad doÚBE maidir leis na cineálacha táirgí nó seirbhísí a bhfuil eis-sreafaí cinntithe acu ina leith agus déanfar sin ar bhonn na dtuairiscí a gheofar ó institiúidí. Míneoidh siad freisin sna tuairiscí sin cén mhodheolaíocht a cuireadh i bhfeidhm chun na heis-sreafaí a chinneadh.

*Airteagal 421*

**Eis-sreabha ar thaiscí miondíola**

1. Tabharfaidh gach institiúid tuairisc ar leithligh maidir le méid na dtaiscí miondíola a chumhdaítear faoi Scéim ráthaíochta Taiscí i gcomhréir le Treoir 94/19/CE nó faoi scéim ráthaíochta taiscí choibhéiseach i dtríú tír agus a iolrú faoi 5 % ar a laghad i gcás ina bhfuil ceachtar den dá chás seo leanas i gceist:

(a) tá an taisce ina cuid de ghaol seanbhunaithe, rud a chiallaíonn nach dóigh go ndéanfar í a aistarraingt;

▼B

(b) tá an taisce á sealbhú i gcuntas idirbheartaíochta, lena n-áirítear cuntais a ndéantar tuarastail a chur chun sochair dóibh go minic.

2. Déanfaidh institiúidí taiscí miondíola eile nach dtagraítear dóibh i mír 1 a iolrú faoi 10 % ar a laghad.

3. Agus iompar taisceoirí áitiúla á chur san áireamh i gcomhréir le comhairle ó na húdaráis inniúla náisiúnta, eiseoidh ÚBE treoirlínte faoin 1 Eanáir 2014 i ndáil leis na critéir, d'fhonn coinníollacha cur i bhfeidhm mír 1 agus mír 2 a chinneadh maidir le taiscí miondíola a shainaithint atá faoi réir eis-sreafaí éagsúla agus faoi réir shainmhínithe na dtáirgí sin chun críocha an Teidil seo. Cuirfear san áireamh sna treoirlínte sin an dóchúlacht atá ann go mbeidh eis-sreafaí leachtachta mar thoradh ar na taiscí sin sa 30 lá dar gcionn. Déanfar measúnú ar na heis-sreafaí seo faoin toimhde a bhaineann le meascán de chás neamhghnách agus de chás struis ar fud an mhargaidh.

4. D'ainneoin mhír (1) agus mhír (2), déanfaidh institiúidí taiscí miondíola a ghlac siad i dtríú tíortha a iolrú faoi chéatadán níos airde ná mar a fhoráiltear dó sna míreanna sin, sa chás go bhforáiltear do chéatadán den sórt sin le ceanglais tuairiscithe inchomparáide i dtríú tíortha.

5. Féadfaidh institiúidí catagóirí áirithe taiscí miondíola atá imscríofa go soiléir a eisiamh ó ríomh eis-sreafaí fad is go gcuirfidh an institiúid an méid seo a leanas i bhfeidhm, i ngach cás, i gcás chatagóir iomlán na dtaiscí sin, ach amháin má tá dálaí aonair cruatain ann don taisceoir, dálaí a bhfuil údar maith leo:

(a) nach gceadaítear don taisceoir an taisce a aistarraingt laistigh de 30 lá; nó

(b) i gcás aistarraingtí a dhéantar níos túisce ná 30 lá, caithfidh an taisceoir pionós a íoc lena n-áirítear cailliúint na n-ús idir an dáta a aistarraingíodh í agus dáta aibíochta an chonartha móide pionós ábhartha nach gá go rachadh sé thar an ús a bheidh dlite don am a chuaigh thart idir dáta na taisce agus an dáta a aistarraingíodh í.

*Airteagal 422*

**Eis-sreafaí ar dhliteanais eile**

1. Déanfaidh institiúidí dliteanais a thig ó caiteachaisoibriúcháin na hinstitiúide féin a iolrú faoi 0 %.

2. Déanfaidh institiúidí dliteanais a thig ó iasachtú urraithe agus ó idirbhearta atá faoi thionchar an mhargaidh caipitil mar atá sainmhínithe i bpointe (3) d'Airteagal 192 a iolrú fúthu seo a leanas:

(a) 0 % suas go dtí luach na sócmhainní leachtacha i gcomhréir le hAirteagal 418 má tá siad comhthaobhaithe le sócmhainní a cháileodh mar shócmhainní leachtacha i gcomhréir le hAirteagal 416;

(b) 100 % thar luach na sócmhainní leachtacha i gcomhréir le hAirteagal 418, má tá siad comhthaobhaithe le sócmhainní a cháileodh mar shócmhainní leachtacha i gcomhréir le hAirteagal 416;

▼B

(c) 100 % má tá siad comhthaobhaithe le sócmhainní nach gcáileodh mar shócmhainní leachtacha i gcomhréir le hAirteagal 416, cé is moite d'idirbhearta arna gcumhdach le pointe (d) agus le pointe (e) den mhír sin.

(d) 25 % má tá siad comhthaobhaithe le sócmhainní nach gcáileodh mar shócmhainní leachtacha i gcomhréir le hAirteagal 416 agus más ionann an t-iasachtóir agus an rialtas lárnach, nó eintiteas earnála poiblí de chuid an Bhallstáit inar údaraíodh an institiúid chreidmheasa nó inar bhunaigh sí brainse, nó banc forbartha iltaobhach. Beidh eintitis earnálá poiblí a dtugtar an láimhseáilsin dóibh, teoranta dóibh sin a bhfuil ualú priacail 20 % nó níos lú acu i gcomhréir le Caibidil 2, Teideal II de Chuid a Trí.

(e) 0 % más banc ceannais an t-iasachtóir.

3. Déanfaidh institiúidí dliteanais a thig ó thaiscí nach mór a choinneáil:

(a) ag an taisceoir d'fhonn seirbhísí imréitigh, coimeádta nó bainistíochta airgid nó seirbhísí inchomparáide eile a fháil ón institiúid;

(b) i gcomhthéacs cúraimí comhchoiteanna a roinnt laistighde scéim cosanta institiúideach a chomhlíonann ceanglais Airteagal 113(7) nó mar íostaisce dhlíthiúil nó reachtúil ag eintiteas eile ar Comhalta é den scéim cosanta institiúideach chéanna;

(c) ag an taisceoir i gcomhthéacs gaoil oibríochtúil sheanbhunaithe seachas an gaol a luaitear i bpointe (a);

(d) ag an taisceoir chun seirbhísí imréitigh airgid agus institiúide creidmheasa lárnaí a fháil agus i gcás go bhfuil an institiúid chreidmheasa ina cuid de líonra i gcomhréir le forálacha dlí nó forálacha reachtúla;

a iolrú faoi 5 % i gcás phointe (a) a mhéid a chumhdaítear iad le Scéim Ráthaíochta Taiscí i gcomhréir le Treoir 94/19/CE nó le scéim ráthaíochta taiscí choibhéiseach i dtríú tír agus faoi 25 % murach sin.

Déanfar taiscí ó institiúidí creidmheasa a chuirtear in institiúidí creidmheasa lárnacha a meastar gur sócmhainní leachtacha iad i gcomhréir le hAirteagal 416(1)(f) a iolrú faoi ráta eis-sreafa 100 %.

▼M8

4. Ní chumhdaíonn seirbhísí imréitigh, coimeádta nó bainistíochta airgid nó seirbhísí inchomparáide eile dá dtagraítear i bpointe (a) agus pointe (d) de mhír 3 ach amháin na seirbhísí sin a mhéid a chuirtear ar fáil iad i gcomhthéacs gaoil sheanbhunaithe ar a bhfuil spleáchas substaintiúil ag an taisceoir. Ní chuimseoidh na seirbhísí sin seirbhísí baincéireachta comhfhreagraí nó bróicéireachta príomha amháin agus beidh fianaise ag na hinstitiúidí nach bhfuil an cliant ábalta méideanna atá dlite de réir dlí a aistarraingt thar thréimhse ama 30 lá gan cur as dá fheidhmiú oibríochtúil.

▼M8

Go dtí go soláthrófar sainmhíniú aonfhoirmeach ar ghaol oibríochtúil seanbhunaithe dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 3, bunóidh institiúidí féin na critéir chun gaol oibríochtúil seanbhunaithe a shainaithint a bhfuil fianaise acu ina leith nach bhfuil an cliant ábalta méideanna atá dlite de réir dlí a aistarraingt thar thréimhse ama 30 lá gan cur isteach ar a fheidhmiú oibríochtúil agus tuairisceoidh siad na critéir sin do na húdaráis inniúla. Mura bhfuil sainmhíniú aonfhoirmeach ann, féadfaidh údaráis inniúla treoir ghinearálta a thabhairt d'institiúidí le go bhféadfaidh siad taiscí arna gcoinneáil ag an taisceoir i gcomhthéacs gaol oibríochtúil seanbhunaithe a shainaithint.

▼B

5. Déanfaidh institiúidí dliteanais a thig ó thaiscí ag cliaint nach custaiméirí airgeadais iad a iolrú faoi 40 % a mhéid nach dtagann siad faoi mhír 3 agus mhír 4 agus iolróidh siad faoi 20 % méid na ndliteanas sin arna gcumhdach ag Scéim Ráthaíochtaí Taiscí i gcomhréir le Treoir 94/19/CE nó Scéim Ráthaíochta Taiscí choibhéiseach i dtríú tír.

6. Déanfaidh institiúidí eis-sreafaí agus insreafaí a mbeidh súil leo thar an tréimhse 30 lá ó na conarthaí atá liostaithe in Iarscríbhinn II a chur san áireamh ar bhonn glan thar contrapháirtithe agus iolróidh siad iad faoi 100 % i gcás glan-eis-sreafa. Ciallóidh bonn glan comhthaobhacht a cháilíonn mar shócmhainní leachtacha faoi Airteagal 416 a bheith faighte freisin.

7. Déanfaidh institiúidí tuairisciú ar leithligh ar dhliteanais eile nach dtagann faoi mhíreanna 1 go 5.

▼M8

8. Féadfaidh údaráis inniúla cead a thabhairt céatadán eis-sreabh níos ísle a chur i bhfeidhm maidir leis na dliteanais dá dtagraítear i mír 7, ar bhonn cáis ar chás, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) is ceann díobh seo a leanas an contrapháirtí:

▼M9

(i) máthairinstitiúid nó fo-institiúid de chuid na hinstitiúide, nó máthairghnólacht infheistíochta nó foghnólacht infheistíochta de chuid na hinstitiúide, nó fochuideachta eile de chuid na máthairinstitiúide céanna nó an mháthairghnólachta infheistíochta chéanna;

▼M8

(ii) tá an contrapháirtí nasctha leis an institiúid trí ghaol de réir bhrí Airteagal 22(7) de Threoir 2013/34/AE;

(iii) institiúid a thagann faoin scéim cosanta institiúideach chéanna a chomhlíonann ceanglais Airteagal 113(7); nó

(iv) institiúid lárnach nó comhalta de líonra a chomhlíonann pointe (d) d'Airteagal 400(2);

(b) tá cúiseanna ann le bheith ag súil le heis-sreabh níos ísle thar an gcéad 30 lá eile ina dhiaidh sin fiú amháin faoi chás struis atá neamhghnách agus atá ar fud an mhargaidh;

(c) cuireann an contrapháirtí insreabh siméadrach comhfhreagrach nó insreabh níos coimeádaí i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 425;

(d) beidh an institiúid agus an contrapháirtí bunaithe sa Bhallstát céanna.

▼B

9. Féadfaidh údaráis inniúla na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (d) de mhír 8 a tharscaoileadh, i gcás ina gcuirtear pointe (b) d'Airteagal 20 (1) i bhfeidhm. Sa chás sin, ní mór na critéir bhreise oibiachtúla a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460 a chomhlíonadh. I gcás ina gceadaítear eis-sreabhadh níos ísle den sórt sin a chur i bhfeidhm, cuirfidh na húdaráis inniúla ÚBE ar an eolas faoi thoradh an phróisis dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 20 (1). Déanfaidh na húdaráis inniúla athbhreithniú rialta ar chomhlíonadh na gcoinníollacha a bheidh ann maidir le heis-sreafaí níos ísle den sórt sin.

10. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun na critéir oibiachtúla bhreise dá dtagraítear i mír 9.shonrú tuilleadh

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Eanáir 2015.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 423*

**Eis-sreabha Breise**

1. Beidh comhthaobhacht seachas sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 416(1) (a), (b) agus (c), arna breacadh ag an institiúid maidir le conarthaí atá liostaithe in Iarscríbhinn II agus díorthaigh chreidmheasa, faoi réir ag eis-sreabhadh breise 20 %

▼M8

2. Cuirfidh institiúid na húdaráis inniúla ar an eolas maidir leis na conarthaí go léir a dhéantar, ar conarthaí iad a n-eascróidh eis-sreabha leachtachta nó riachtanais chomhthaobhachta bhreise as a gcoinníollacha conartha, laistigh de 30 lá i ndiaidh do mheathlúchán ábhartha teacht ar cháilíocht chreidmheasa na hinstitiúide. I gcás ina measann na húdaráis inniúla go bhfuil na conarthaí sin ábhartha maidir leis na heis-sreabha leachtachta a d'fhéadfadh a bheith ag an institiúid, cuirfidh siad ceangal ar an institiúid eis-sreabh breise a chur isteach le haghaidh na gconarthaí sin ar eis-sreabh é a chomhfhreagróidh do na riachtanais chomhthaobhachta bhreise a thiocfaidh chun cinn ó mheathlúchán ábhartha ar cháilíocht chreidmheasa na hinstitiúide amhail íosghrádú trí scór ina measúnú creidmheasa seachtrach. Déanfaidh an institiúid athbhreithniú rialta ar mhéid an mheathlúcháin ábhartha sin i bhfianaise an mhéid a bhaineann le hábhar faoi na conarthaí atá déanta aici agus tabharfaidh sí fógra maidir le toradh a athbhreithnithe do na húdaráis inniúla.

3. Cuirfidh an institiúid eis-sreabh breise isteach a chomhfhreagróidh do na riachtanais chomhthaobhachta a thiocfadh chun cinn ón tionchar a bheadh ag cás díobhálach an mhargaidh maidir lena hidirbhearta díorthach más ábhartha iad.

Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena sonrófar na coinníollacha faoina bhféadfar nóisean na hábharthachta a chur i bhfeidhm agus lena sonrófar modhanna chun an eis-sreabh breise a thomhas.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Márta 2014.

▼M8

Tarmligtear chuig an gCoimisiún an chumhacht chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa dara fomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

▼B

4. Cuirfidh an institiúid eis-sreabhadh breise isteach a chomhfhreagróidh do mhargadhluach na n-urrús nó na sócmhainní eile a dhíoltar folamh agus a bheidh le seachadadh laistigh den tréimhse 30 lá murar leis an institiúid na hurrúis atá le seachadadh nó mura bhfuil siad ar iasacht aici ar théarmaí lena n-iarrtar go dtabharfaí ar ais iad tar éis na tréimhse 30 lá amháin agus nach cuid de shócmhainní leachtacha na hinstitiúide iad na hurrúis.

5. Cuirfidh an institiúid eis-sreabhadh breise isteach a chomhfhreagróidh do na nithe seo a leanas:

(a) an chomhthaobhacht iomarcach atá i seilbh na hinstitiúide ar féidir an contrapháirtí iad a ghlaoch go conarthach ag am ar bith;

(b) comhtaobhacht a dhlítear a thabhairt ar ais don chontrápháirtí;

(c) comhthaobhacht a chomhfhreagraíonn do shócmhainní a cháileodh mar shócmhainní leachtacha chun críocha Airteagal 416 ar féidir í a chur in ionad sócmhainní a chomhfhreagraíonn do shócmhainní nach gcáileodh mar shócmhainní leachtacha chun críocha Airteagal 416 gan toiliú na hinstitiúide.

6. Ní áireofar go mbeidh taiscí a fhaightear mar chomhthaobhacht ina ndliteanais chun críocha Airteagal 422 ach beidh siad faoi réir fhorálacha an Airteagail seo i gcás inarb infheidhme.

*Airteagal 424*

**Eis-sreafaí ó shaoráidí creidmheasa agus leachtachta**

1. Tabharfaidh institiúidí tuairisciú ar eis-sreafaí ó shaoráidí tiomanta creidmheasa agus ó shaoráidí tiomanta leachtachta, a chinnfear mar chéatadán den uasmhéid is féidir a tharraingt laistigh den 30 lá dar gcionn. Féadfar an t-uasmhéid sin is féidir a tharraingt a mheasúnú glan ar aon cheanglas leachtachta a bheadh sainordaithe faoiAirteagal 420(2) le haghaidh ítimí atá lasmuigh den chlár comhordaithe a bhaineann le creidmheas trádála agus glan ar an luach i gcomhréir le hAirteagal 418 den chomhthaobhacht a chuirfear ar fáil más féidir leis an institiúid an chomhthaobhacht a athúsáid agus má shealbhaítear an chomhthaobhacht i bhfoirm sócmhainní leachtacha i gcomhréir le hAirteagal 416. Ní bheidh an chomhthaobhacht a chuirfear ar fáil i bhfoirm sócmhainní arna n-eisiúint ag contrapháirtí na saoráide nó ag ceann dá cuid eintiteas cleamhnaithe. Má tá an fhaisnéis is gá ar fáil don institiúid, cinnfear an t-uasmhéid is féidir a tharraingt le haghaidh saoráidí creidmheasa agus leachtachta mar an t-uasmhéid a d'fhéadfaí a tharraingt ag glacadh leis na hoibleagáidí a bheidh ar an gcontrapháirtí nó ag glacadh leis an sceideal tarraingthe conarthaí réamh-shainmhínithe agus a bheidh dlite sa 30 lá dar gcionn.

2. Déanfar an t-uasmhéid de shaoráidí tiomanta creidmheasa agus leachtachta neamhtharraingthe is féidir a tharraingt laistigh den 30 lá dar gcionn a iolrú faoi 5 % má cháilíonn siad d'aicme na risíochta ar mhiondíol faoin gcur chuige caighdeánaithe nó faoi chur chuige IBR maidir le priacal creidmheasa.

▼B

3. Déanfar an t-uasmhéid de shaoráidí tiomanta creidmheasa agus leachtachta neamhtharraingthe is féidir a tharraingt laistigh den 30 lá dar gcionn a iolrú faoi 10 % i gcás ina gcomhlíonann siad na coinníollacha seo a leanas:

(a) ní cháilíonn siad d'aicme na risíochta ar mhiondíol faoin gcur chuige caighdeánaithe ná faoin gcur chuige IBR maidir le priacal creidmheasa;

(b) cuireadh ar fáil iad do chliaint nach custaiméirí airgeadais iad;

(c) níor cuireadh ar fáil iad ar mhaithe le cur in ionad chistiú an chliaint i gcásanna nach bhfuil sé ar a chumas a chuid riachtanas cistithe a fháil sna margaí airgeadais.

▼M8

4. Déanfar an méid tiomanta de shaoráid leachtachta atá curtha ar fáil don SSPE chun cur ar chumas an SSPE sin sócmhainní a cheannach, seachas urrúis, ó chliaint nach custaiméirí airgeadais iad, a iolrú faoi 10 % ar an gcoinníoll go sáraíonn an méid tiomanta méid na sócmhainní atá ceannaithe cheana féin ó chliaint agus go mbeidh an t-uasmhéid is féidir a tharraingt teoranta go conarthach do mhéid na sócmhainní atá ceannaithe cheana féin.

▼B

5. Déanfaidh na hinstitiúidí, laistigh den 30 lá dar gcionn, tuairisciú ar an uasmhéid is féidir a tharraingt de shaoráidí tiomanta eile creidmheasa agus leachtachta neamhtharraingthe. Tá feidhm aige sin go háirithe i gcás na nithe seo a leanas:

(a) saoráidí leachtachta arna dtabhairt ag an institiúid ar SSPEanna seachas mar a dhéantar cur síos orthu i mír 3(b);

(b) socruithe faoina n-éileofar ar an institiúid sócmhainní a cheannach nó a bhabhtáil ó SSPE.

(c) saoráidí arna síneadh chuig institiúidí creidmheasa

(d) saoráidí arna síneadh chuig institiúidí airgeadais agus gnólachtaí infheistíochta

6. De mhaolú ar mhír 5, institiúidí, a bunaíodh agus atá urraithe ag rialtas láir nó réigiúnach aon Bhallstáit amháin ar a laghad, féadfaidh siad na láimhseálacha a leagtar amach i mír 2 agus mír 3 a chur i bhfeidhm agus freisin ar shaoráidí creidmheasa agus leachtachta a thugtar d'institiúidí díreach ar mhaithe le hiasachtaí cur chun cinn a cháilíonn d'aicmí na risíochta dá dtagraítear sna míreanna sin a chistiú go díreach nó go hindíreach. ►C2 De mhaolú ar phointe (g) d'Airteagal 425(2), sa chás ina chuirtear síneadh leis na hiasachtaí cur chun cinn sin ◄ trí institiúid eile mar iasachtaí idirghabhála (iasachtaí idirmheánacha) féadfaidh institiúidí insreabhadh agus eis-sreabhadh siméadrach a chur i bhfeidhm. Ní bheidh na hiasachtaí cur chun cinn sin ar fáil ach amháin do dhaoine nach custaiméirí airgeadais iad ar bhonn neamhiomaíoch, gan beann ar bhrabús d'fhonn cuspóirí beartais phoiblí an Aontais agus/nó rialtas láir nó réigiúnach an Bhallstáit sin a chur chun cinn. Ní bheifear in ann tarraingt ar shaoráidí den sórt sin ach amháin i gcás éileamh a bheith déanta, a mbeifí ag súil leis go réasúnta, ar iasacht cur chun cinn agus suas go dtí méid an éilimh sin a bheidh nasctha le tuairisciú ina dhiaidh sin maidir leis an leas a bhainfear as na cistí eisíoctha.

▼B

*Airteagal 425*

**Insreafaí**

▼M10

1. Tabharfaidh institiúidí tuarascáil ar a n-insreafaí leachtachta. Déanfar insreafaí leachtachta a uasteorannú ag 75 % d'eis-sreafaí leachtachta. Féadfaidh institiúidí insreafaí leachtachta ó thaiscí a taisceadh le hinstitiúidí eile agus a cháilíonn don láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 113(6) nó (7) den Rialachán seo a dhíolmhú ón uasteorainn sin.

Féadfaidh institiúidí insreafaí leachtachta ó airgead atá dlite ó iasachtaithe agus ó infheisteoirí bannaí i gcás ina mbaineann na hinsreafaí sin le hiasachtú morgáistí arna chistiú le bannaí atá incháilithe don láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 129(4), (5) nó (6) den Rialachán seo nó le bannaí faoi chumhdach mar a shainmhínítear i bpointe (1) d'Airteagal 2 de Threoir (AE) 2019/2019/2162 a dhíolmhú ón uasteorainn sin. Féadfaidh institiúidí insreafaí a dhíolmhú ó iasachtaí spreagtha atá ceadaithe ag na hinstitiúidí. Faoi réir fhaomhadh na n-údarás inniúil atá freagrach as maoirseacht ar bhonn aonair a fháil roimh ré, féadfaidh an institiúid insreafaí a dhíolmhú ina n-iomláine nó i bpáirt i gcás inar máthairinstitiúid nó fo-institiúid de chuid na hinstitiúide, máthairghnólacht infheistíochta nó foghnólacht infheistíochta de chuid na hinstitiúide nó fochuideachta eile de chuid na máthairinstitiúide céanna nó de chuid an mháthairghnólachta infheistíochta chéanna é an soláthraí leachtachta nó i gcás ina bhfuil gaol aige leis an institiúid de réir mar a leagtar amach in Airteagal 22(7) de Threoir 2013/34/AE.

▼B

2. Déanfar na hinsreafaí leachtachta a thomhas thar an 30 lá dar gcionn. Ní bheidh siad comhdhéanta ach amháin d'insreafaí conarthacha ó risíochtaí nach bhfuil thar téarma agus nach bhfuil aon chúis ag an institiúid a bheith ag súil go mbeidh neamhfheidhmíocht i gceist ina leith laistigh den tréimhse ionchasach 30 lá. Déanfar insreafaí leachtachta a thuairisciú go hiomlán agus na hinsreafaí seo leanas á dtuairisciú ar leithligh:

(a) Déanfar airgid atá dlite ó chustaiméirí nach bainc cheannais nó custaiméirí airgeadais iad chun críocha íocaíochta príomhshuime, déanfar iad a laghdú 50 % dá luach nó de luach na gceangaltas conarthach do na custaiméirí sin chun cistiú a leathnú, cibé acu is airde. Ní bhaineann sé sin le hairgid atá dlite ó iasachtú urraithe agus idirbhearta caipitil atá faoi thionchar an mhargaidh mar ashainmhínítear i bpointe (3) d'Airteagal 192 arna gcomhthaobhú le sócmhainní leachtacha i gcomhréir le hAirteagal 416 de réir mar a thagraítear dó i bpointe (d) den mhír seo.

    De mhaolú ar …ar an gcéad fhomhír den phointe sin, institiúidí a fuair gealltanas dá dtagraítear in Airteagal 424(6), ionas go n-eisíocfaidh siad iasacht cur chun cinn do thairbhí deiridh, féadfaidh siad insreabhadh a chur san áireamh suas go méid an eis-sreafa a chuirfidh siad i bhfeidhm maidir leis an ngealltanas comhfhreagrach chun síneadh a chur leis na hiasachtaí cur chun cinn sin.

(b) Cuirfear san áireamh ina n-iomláine mar insreafaí, airgid atá dlite ó idirbhearta creidmheasa trádála dá dtagraítear i bpointe (b) den dara fomhír d'Airteagal 162(3) ina mbeidh aibíocht iarmhair suas go 30 lá.

▼M8

(c) cuirfear san áireamh iasachtaí a bhfuil dáta deiridh neamhshainithe leo le 20 % insreabh, ar an gcoinníoll go gceadaítear don institiúid íocaíocht a aistarraingt agus a iarraidh laistigh de 30 lá de réir an chonartha;

▼B

(d) airgead atá dlite ó iasachtú urraithe agus idirbhearta caipitil atá faoi thionchar an mhargaidh dá dtagraítear i bpointe (3) d'Airteagal 192 má tá siad comhthaobhaithe le sócmhainní leachtacha dá dtagraítear in Airteagal 416(1), ní chuirfear san áireamh é suas go dtí an luach atá glan ar chaolchorrlaigh na sócmhainní leachtacha agus cuirfear san áireamh go hiomlán é i gcás na coda eile den airgead atá dlite;

▼C2

(e) airgid atá dlite a láimhseálann an institiúid a bhfuil an t- airgead sin dlite aici, i gcomhréir le hAirteagal 422(3) agus (4), déanfar iad a iolrú faoi insreabhadh siméadrach comhfhreagrach;

▼B

(f) airgid atá dlite ó shuímh in ionstraimí cothromais mórinnéacs ar an gcoinníoll nach gcuirfear i gcuntas iad le sócmhainní leachtacha;

(g) aon saoráidí creidmheasa nó leachtachta neamhtharraingthe agus aon cheangaltais eile a fhaightear, ní chuirfear san áireamh iad.

3. Déanfar eis-sreafaí agus insreafaí a bhfuiltear ag súil leo thar an tréimhse ionchasach de 30 lá ó na conarthaí atá liostaithe in Iarscríbhinn II a léiriú ar bhonn glan thar na contrapháirtithe agus déanfar iad a iolrú faoi 100 % i gcás glanmhéid insreafa. Ciallóidh bunús glan freisin gan comhthaobhacht a bheidh le fáil a cháilíonn mar shócmhainní leachtacha faoi Airteagal 416a áireamh.

4. De mhaolú ar mhír 2 pointe (g), féadfaidh údaráis inniúla cead a thabhairt insreabhadh níos airde a chur i bhfeidhm ar bhonn cáis le haghaidh creidmheasa agus saoráidí leachtachta i gcás ina gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá cúiseanna ann a bheith ag súil go mbeidh insreabhadh níos airde ann fiú amháin faoi mheascán de strus margaidh agus de strus neamhghnách an tsoláthraí;

(b) is ionann an contrapháirtí agus máthairinstitiúid nó fo-institiúid de chuid na hinstitiúide nó fochuideachta eile den mháthairinstitiúid chéanna nó atá nasctha leis an institiúid trí ghaol de réir bhrí Airteagal 12(1) de Threoir 83/349/CEE nó comhalta den scéim chosanta institiúideach chéanna dá dtagraítear in Airteagal 113(7) den Rialachán seo nó an institiúid lárnach nó comhalta den líonra atá faoi réir an tarscaoilte da dtagraítear in Airteagal 10 den Rialachán seo.

(c) cuireann an contrapháirtí eis-sreabhadh siméadrach comhfhreagrach nó éis-sreabhadh níos coimeádaí i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 422 agus Airteagal 424;

(d) beidh an institiúid agus an contrapháirtí bunaithe sa Bhallstát céanna.

5. Féadfaidh na húdaráis inniúla an coinníoll a leagtar amach i bpointe (d) de mhír 4 a tharscaoileadh i gcás ina gcuirfear Airteagal 20 (1)(b) i bhfeidhm. Sa chás sin ní mór na critéir bhreise oibiachtúla a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460 a chomhlíonadh. I gcás ina gceadaítear eis-sreabhadh níos airde den sórt sin a chur i bhfeidhm, cuirfidh na húdaráis inniúla ÚBE ar an eolas faoi thoradh an phróisis dá dtagraítear in Airteagal 20 (1) (b). Déanfaidh na húdaráis inniúla athbhreithniú rialta ar chomhlíonadh na gcoinníollacha a bheidh ann maidir le heis-sreafaí níos airde den sórt sin.

▼B

6 Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonraítear na ceanglais maidir le nochtadh atá leagtha amach i mír 5

Déanfaidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 1 Eanáir 2015.

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir lehAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

7. Ní thabharfaidh institiúidí tuairisc ar insreabha ó aon cheann de na sócmhainní leachtacha i gcomhréir le hAirteagal 416 seachas íocaíochtaí atá dlite ar na sócmhainní nach léirítear i margadhluach na sócmhainne.

8. Ní thabharfaidh institiúidí tuairisc ar insreabha ó aon oibleagáidí nua a ndeachaigh siad fúthu.

9. Ní áiritheoidh institiúidí na hinsreafaí leachtachta atá le fáil i dtríú tíortha ina bhfuil srianta maidir le haistrithe nó atá ainmnithe in airgeadraí nach bhfuil inmhalartaithe, ach amháin a mhéid is a chomhfhreagraíonn siad d'eis-sreafaí sa tríú tír nó san airgeadra atá i gceist faoi seach.

*Airteagal 426*

**Ceanglais leachtachta a bheidh ann amach anseo a nuashonrú**

▼C2

Tar éis don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh maidir le ceanglas leachtachta a shainiú i gcomhréir le hAirteagal 460, féadfaidh ÚBE dréachtchaighdeáin cur chun feidhme teicniúla a fhorbairt chun sainiú a dhéanamh ar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 421(1), Airteagal 422, cé is moite de mhír 8, mír 9 agus mír 10 den Airteagal sin, agus Airteagal 424 chun caighdeáin atá comhaontaithe ar bhonn idirnáisiúnta a chur san áireamh.

▼B

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad mhír a ghlacadh i gcomhréir lehAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

TEIDEAL III

**TUAIRISCIÚ AR CHISTIÚ COBHSAÍ**

*Airteagal 427*

**Ítimí a chuireann cistiú cobhsaí ar fáil**

1. Tabharfaidh insititiúidí tuairisc do na húdaráis inniúla, i gcomhréir leis na ceanglais tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 415.1 agus leis na formáidí aonfhoirmeacha tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 415.3, ar na hítimí seo a leanas agus ar a gcomhpháirteanna d'fhonn deis a thabhairt measúnú a dhéanamh ar infhaighteacht an chistithe chobhsaí:

▼B

(a) na cistí dílse a leanas tar éis asbhaintí a chur i bhfeidhm i gcás inarb iomchu:í

(i) ionstraimí caipitil leibhéal 1;

(ii) ionstraimí caipitil leibhéal 2;

(iii) scaireanna tosaíochta eile agus ionstraimí caipitil eile de bhreis ar an méid ceadaithe de Leibhéal 2 agus aibíocht iarbhír de bhliain amháin nó níos mó acu;

(b) na dliteanais seo a leanas nach bhfuil ar áireamh i bpointe (a)

(i) taiscí miondíola a cháilíonn don láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 421(1);

(ii) taiscí miondíola a cháilíonn don láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 421(2);

▼C2

(iii) taiscí a cháilíonn don láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 422(3) agus (4);

▼B

(iv) asmeasc na dtaiscí dá dtagraítea ibpointe (iii), iad sin atá faoi réir Scéim Ráthaíochta Taisce i gcomhréir le h Treoir 94/19/CE ►C2 nó scéim ráthaíochta taisce choibhéiseach i dtríú tír, ar scéim í atá faoi chuimsiú théarmaí Airteagal 421(1); ◄

(v) as measc na dtaiscí dá dtagraítear in (iii), iad sin a thagann faoi phointe (b) d'Airteagal 422(4);

(vi) as measc na dtaiscí dá dtagraítear in (iii), iad sin a thagann faoi phointe (d) d'Airteagal 422(43);

(vii) méideanna arna dtaisceadh nach dtagann faoi phointe (i), (ii) nó (iii) mura ndéanann custaiméirí airgeadais iad a thaisceadh;

(viii) gach cistiú arna fháil ó chustaiméirí airgeadais;

(ix) ar bhonn leithligh maidir le méideanna a thagann faoi (vi) agus (vii) faoi seach, cistiú ó iasachtú urraithe agus idirbhearta caipitil atá faoi thionchar an mhargaidh mar a shainmhínítear i bpointe (3) d'Airteagal 192:

— arna gcomhthaobhú le sócmhainní a cháileodh mar shócmhainní leachtacha i gcomhréir le hAirteagal 416;

— arna gcomhthaobhú le sócmhainní ar bith eile;

▼M10

(x) dliteanais a eascraíonn as urrúis arna n-eisiúint a cháilíonn don láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 129(4) nó (5) den Rialachán seo nó as bannaí faoi chumhdach mar a shainmhínítear i bpointe (1) d'Airteagal 3 de Threoir (AE) 2019/2019/2162;

▼B

(xi) na dliteanais a leanas a thig ó urrúis eisithe, nach dtagann faoi phointe (a)

— dliteanais a thig ó urrúis eisithe a bhfuil dáta aibíochta iarbhír de bhliain amháin nó níos mó leo;

— dliteanais a thig ó urrúis eisithe a bhfuil dáta aibíochta iarbhír de níos lú ná bliain amháin leo,

(xii) aon dliteanais eile.

2. Nuair is infheidhme, cuirfear gach ítim i láthair sna cúig bhuicéad seo a leanas de réir ghaireacht an dáta aibíochta atá leo agus an dáta is luaithe ar ar féidir iad a ghlaoch go conarthach:

(a) laistigh de thrí mhí,

(b) idir trí mhí agus sé mhí;

(c) idir sémhí agus naoi mí;

(d) idir naoi mí agus 12 mhí;

(e) tar éis 12 mhí.

*Airteagal 428*

**Ítimí óna dteastaíonn cistiú cobhsaí**

1. Mura mbainfear iad ó chistí dílse, tabharfar tuairisc ar leithligh d'údaráis inniúla ar na hítimí seo a leanas d'fhonn deis a thabhairt measúnú a dhéanamh ar na riachtanais maidir le cistiú cobhsaí:

(a) sócmhainní a cháileodh mar shócmhainní leachtacha i gcomhréir le hAirteagal 416, arna miondealú de réir chineál na sócmhainne;

(b) na hurrúis agus na hionstraimí margaidh airgid a leanas nach n-áirítear i bpointe (a);

(i) sócmhainní a cháilíonn do chéim chreidmheasa 1 faoi Airteagal 122;

(ii) sócmhainní a cháilíonn do chéim chreidmheasa 2 faoi Airteagal 122

(iii) sócmhainní eile.

(c) urrúis chothromais de chuid eintiteas neamhairgeadais atá liostaithe ar mhórinnéacs i malartán aitheanta;

(d) urrúis chothromais eile;

(e) ór;

(f) miotail lómhara eile;

▼B

(g) iasachtaí neamh-in-athnuaite agus earraí infhaighte, agus na hiasachtaí in-athnuaite agus infháltais arb iad a gcuid iasachtaithe ar leithligh:

(i) daoine nádúrtha seachas dílseánaigh aonair thráchtála agus comhpháirtíochtaí;

(ii) FBManna a cháilíonn d'aicme na risíochtaí ar mhiondíol faoi na cineálacha cur chuige Caighdeánaithe nó IBR i gcomhair priacal creidmheasa nó do chuideachta atá incháilithe don láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 153(4) agus i gcás gur lú ná EUR 1 milliún an taisce chomhiomlánaithe arna taisceadh ag an gcliant sin nó ag an ngrúpa cliant nasctha;

(iii) stáit, bainc cheannais agus eintitis earnála poiblí;

(iv) cliaint nach dtagraítear dóibh i bpointe (i) agus i bpointe (ii) seachas custaiméirí airgeadais;

(v) cliaint nach dtagraítear dóibh i bpointe (i), i bpointe (ii) agus i bpointe (iii) ar custaiméirí airgeadais iad, agus iad siúd ar institiúidí creidmheasa agus custaiméirí eile airgeadais iad ar leithligh;

(h) iasachtaí nach féidir a athnuachan agus earraí infhaighte dá dtagraítear i bpointe (g), ar leithligh iad siúd atá:

▼C2

(i) comhthaobhaithe le maoin tráchtála dhochorraithe (RT);

(ii) comhthaobhaithe le maoin chónaithe (RC);

▼M10

(iii) maoinithe le cistiú meaitseála (faoi bhealach) trí bhannaí atá incháilithe don láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 129(4) nó (5) den Rialachán seo nó trí bhannaí faoi chumhdach mar a shainmhínítear i bpointe (1) d'Airteagal 3 de Threoir (AE) 2019/2019/2162;

▼B

(i) earraí infhaighte díorthacha;

(j) sócmhainní ar bith eile;

(k) saoráidí tiomanta creidmheasa neamhtharraingthe a cháilíonn mar shaoráidí 'meánphriacal' nó 'meán/íosphriacal' faoi Iarscríbhinn I.

2. Nuair is infheidhme, cuirfear gach ítim i láthair sna cúig bhuicéad a ndéantar cur síos orthu in Airteagal 427(2).

▼M8

# TEIDEAL IV

# AN CÓIMHEAS GLANCHISTIÚCHÁIN CHOBHSAÍ

## *CAIBIDIL 1*

## ***An cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí***

### *Airteagal 428a*

### **Cur i bhfeidhm ar bhonn comhdhlúite**

I gcás ina bhfuil feidhm ag an gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí a leagtar amach sa Teideal seo ar bhonn comhdhlúite i gcomhréir le hAirteagal 11(4), beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

(a) beidh na sócmhainní agus na hítimí lasmuigh de chlár comhardaithe fochuideachta ag a bhfuil ceannoifig na fochuideachta sin i dtríú tír, ar sócmhainní agus ítimí iad atá faoi réir fachtóirí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh faoin gceanglas glanchistiúcháin chobhsaí a leagtar amach i ndlí náisiúnta an tríú tír sin atá níos airde ná iad siúd a shonraítear i gCaibidil 4, beidh siad faoi réir comhdhlúthú i gcomhréir leis na fachtóirí is airde a shonraítear i ndlí náisiúnta an tríú tír sin;

▼M8

(b) beidh dliteanais agus cistí dílse fochuideachta ag a bhfuil ceannoifig na fochuideachta sin i dtríú tír, ar dliteanais agus cistí dílse iad atá faoi réir fachtóirí cistiúcháin chobhsaí faoin gceanglas glanchistiúcháin chobhsaí a leagtar amach i ndlí náisiúnta an tríú tír sin atá níos ísle ná iad siúd a shonraítear i gCaibidil 3, beidh siad faoi réir comhdhlúthú i gcomhréir leis na fachtóirí is ísle a shonraítear i ndlí náisiúnta an tríú tír sin;

(c) sócmhainní tríú tír a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1) agus atá i seilbh fochuideachta ag a bhfuil a ceannoifig i dtríú tír, ní aithneofar iad mar shócmhainní leachtachta chun críocha comhdhlúthaithe i gcás nach gcáilíonn siad mar shócmhainní leachtachta faoi dhlí náisiúnta an tríú tír sin a shocraíonn an ceanglas maidir le cumhdach leachtachta.

▼M9

————

▼M8

*Airteagal 428b*

**An cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí**

1. Beidh an ceanglas glanchistiúcháin chobhsaí a leagtar síos in Airteagal 413(1) cothrom le cóimheas cistiúcháin chobhsaí na hinstitiúide atá ar fáil dá dtagraítear i gCaibidil 3 le cistiúchán cobhsaí na hinstitiúide atá de dhíth dá dtagraítear i gCaibidil 4,agus déanfar é a shloinneadh mar chéatadán. Déanfaidh institiúidí a gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí a ríomh de réir na foirmle seo a leanas:

$$\frac{\text{Cistiúcháin chobhsaí atá ar fáil}}{\text{Cistiúchán cobhsaí atá de dhíth}} = \text{Cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí (\%)}$$

2. Coinneoidh institiúidí cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí de 100 % ar a laghad arna ríomh san airgeadra tuairiscithe i gcomhair a n-idirbheart uile, beag beann ar ainmníocht airgeadra iarbhír atá acu.

3. I gcás ina dtitfidh cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí institiúide faoi 100 % nó i gcás ina meastar go réasúnta go bhféadfaidh sé titim faoi 100 %, beidh feidhm ag an gceanglas a leagtar síos in Airteagal 414. Beidh sé mar aidhm ag an institiúid a cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí a thabhairt ar ais go dtí an leibhéal dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo. Déanfaidh údaráis inniúla measúnú ar na cúiseanna le mainneachtain na hinstitiúide cloí le mír 2 den Airteagal seo sula ndéanfaidh siad aon bhearta maoirseachta.

4. Déanfaidh institiúidí a gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí a ríomh agus déanfaidh siad faireachán air san airgeadra tuairiscithe i gcomhair a n-idirbheart uile, beag beann ar an ainmníocht airgeadra iarbhír atá acu, agus déanfaidh siad sin ar leithligh i gcomhair a n-idirbheart a ainmneofar i ngach ceann de na hairgeadraí atá faoi réir tuairisciú ar leithligh i gcomhréir le hAirteagal 415(2).

▼M8

5. Áiritheoidh institiúidí go bhfuil dáileadh a bpróifíl cistiúcháin, de réir ainmníocht airgeadra, comhsheasmhach i gcoitinne le dáileadh a gcuid sócmhainní de réir airgeadra. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal ar na hinstitiúidí srian a chur le neamhréireanna airgeadra trí theorainneacha a leagan síos maidir leis an gcion den chistiú cobhsaí ceangailteach in airgeadra faoi leith is féidir a chomhlíonadh le cistiú cobhsaí atá ar fáil nach bhfuil ainmnithe san airgeadra sin. Ní fhéadfar an srian sin a chur i bhfeidhm ach i gcás airgeadra atá faoi réir tuairisciú ar leithligh i gcomhréir le hAirteagal 415(2).

Agus cinneadh á dhéanamh maidir le leibhéal aon sriain a fhéadfar a chur i bhfeidhm ar neamhréireanna airgeadra i gcomhréir leis an Airteagal seo, déanfaidh údaráis inniúla na nithe seo a leanas a mheas ar a laghad:

(a) an bhfuil sé ar chumas na hinstitiúide cistiúchán cobhsaí atá ar fáil a aistriú ó airgeadra amháin go hairgeadra eile agus idir dlínsí éagsúla agus eintitis dhlíthiúla atá laistigh dá grúpa agus ar a cumas airgeadraí a bhabhtáil agus cistí a thiomsú ar mhargaí airgeadra eachtraigh thar thréimhse ionchasach bliana an chóimheasa glanchistiúcháin chobhsaí;

(b) tionchar athruithe díobhálacha sa ráta malairte ar shuíomhanna míoiriúnaithe atá ann cheana agus ar éifeachtacht fálaithe ar bith ar mhalairt airgeadra eachtraigh atá i bhfeidhm.

Beidh aon srian ar neamhréireanna airgeadra a dhéanfar a fhorchur i gcomhréir leis an Airteagal seo ina ceanglas leachtachta sonrach dá dtagraítear in Airteagal 105 de Threoir 2013/36/AE.

*CAIBIDIL 2*

***Rialacha ginearálta chun an cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí a ríomh***

*Airteagal 428c*

**An cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí a ríomh**

1. Mura sainítear a mhalairt sa Teideal seo, cuirfidh institiúidí sócmhainní, dliteanais agus ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe san áireamh ar bhonn comhlán.

2. Chun críocha a gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí a ríomh, cuirfidh institiúidí na fachtóirí cistiúcháin chobhsaí iomchuí a leagtar amach i gCaibidil 3 agus i gCaibidil 4 i bhfeidhm ar luach cuntasaíochta na sócmhainní, na ndliteanas agus na n-ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe atá acu, mura sainítear a mhalairt sa Teideal seo.

3. Ní dhéanfaidh institiúidí an cistiúchán cobhsaí ceangailteach agus an cistiúchán cobhsaí atá ar fáil a chomhaireamh faoi dhó.

Mura sainítear a mhalairt sa Teideal seo, i gcás ina bhféadfaidh ítim a leithdháileadh ar níos mó ná catagóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh amháin, déanfar í a leithdháileadh ar an gcatagóir cistiúcháin chobhsaí ceangailteach a chuireann an cistiúchán conarthach ceangailteach cobhsaí is mó ar fáil don ítim sin.

*Airteagal 428d*

**Conarthaí díorthach**

1. Cuirfidh na hinstitiúidí an Airteagal seo i bhfeidhm chun méid an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh le haghaidh conarthaí díorthach dá dtagraítear i gCaibidil 3 agus i gCaibidil 4 a ríomh.

▼M8

2. Gan dochar d'Airteagal 428ah(2), cuirfidh institiúidí luach cóir na suíomhanna díorthach ar bhonn glanluachála sa chás ina n-áirítear na suíomhanna sin sa tacar glanluachála céanna a chomhlíonfaidh na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 429c(1). I gcás nach amhlaidh atá, cuirfidh institiúidí luach cóir na suíomhanna díorthach san áireamh ar bhonn comhlán agus déanfaidh siad na suíomhanna díorthach sin a láimhseáil mar tacar glanluachála a bhaineann leo féin chun críocha Chaibidil 4.

3. Chun críocha an Teidil seo, ciallaíonn “luach cóir tacair glanluachála” suim luachanna córa na n-idirbheart uile a chuimsítear sa tacar glanluachála.

4. Gan dochar d'Airteagal 428ah(2), déanfar na conarthaí díorthach uile a liostáiltear i bpointí 2(a) go (e) d'Iarscríbhinn II lena mbaineann malartú iomlán príomhshuimeanna ar an dáta céanna, déanfar iad a ríomh ar bhonn glanluachála thar airgeadraí, lena n-áirítear an chríoch tuairisciú in airgeadra atá faoi réir tuairisciú ar leithligh i gcomhréir le hAirteagal 415(2), fiú i gcás nach n-áirítear na hidirbhearta sin sa tacar glanluachála céanna a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 429c(1).

5. Láimhseálfar íocaíochtaí in airgead tirim a gheofar mar chomhthaobhacht chun risíocht suímh díorthaigh a mhaolú, láimhseálfar iad mar íocaíochtaí in airgead tirim agus ní dhéanfar iad a láimhseáil mar thaiscí maidir lena bhfuil feidhm ag Caibidil 3.

6. Féadfaidh na húdaráis inniúla a chinneadh, le formheas an bhainc ceannais ábhartha, tionchar na gconarthaí díorthach ar ríomh an chóimheasa glanchistiúcháin chobhsaí a tharscaoileadh, lena n-áirítear an tionchar a tharscaoileadh trí na fachtóirí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh agus forálacha agus caillteanais a chinneadh, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) tá aibíocht iarmhair is lú ná sé mhí ag na dliteanais sin;

(b) is é an Banc Ceannais Eorpach (BCE) nó banc ceannais an Bhallstáit an contrapháirtí;

(c) déanann na conarthaí díorthach fónamh do bheartas airgeadaíochta BCE nó bainc ceannais Ballstáit.

I gcás ina mbainfidh fochuideachta ag a bhfuil a ceannoifig i dtríú tír leas as an tarscaoileadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi dhlí náisiúnta an tríú tír sin a shocraíonn an ceanglas glanchistiúcháin chobhsaí, cuirfear an tarscaoileadh sin de réir mar a shainítear i ndlí náisiúnta an tríú tír é san áireamh chun críche comhdhlúthaithe.

*Airteagal 428e*

**Glanluacháil na n-idirbheart iasachta urraithe agus na n-idirbheart caipitil faoi thionchar an mhargaidh**

Déanfar sócmhainní agus dliteanais a eascróidh as idirbhearta um maoiniú urrús le contrapháirtí aonair a ríomh ar bhonn glanluachála ar an gcoinníoll go gcomhlíonfaidh na sócmhainní agus na dliteanais sin na coinníollacha glanluachála a leagtar amach in Airteagal 429b(4).

*Airteagal 428f*

**Sócmhainní agus dliteanais idirspleácha**

1. Faoi réir réamhfhormheas na n-údarás inniúil, féadfaidh institiúid a mheas go bhfuil sócmhainn agus dliteanas idirspleách ar a chéile, ar an gcoinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas:

▼**M8**

(a) ní fheidhmíonn an institiúid ach mar aonad faoi bhealach chun an maoiniú a threorú ón dliteanas isteach sa tsócmhainn idirspleách chomhfhreagrach;

(b) tá na sócmhainní agus na dliteanais idirspleácha aonair inaitheanta go soiléir agus tá an phríomhshuim chéanna acu;

(c) tá aibíochtaí comhoiriúnaithe mórán mar an gcéanna ag an tsócmhainn agus ag an dliteanas idirspleách agus tá moill uasta 20 lá idir aibíocht na sócmhainne agus aibíocht an dliteanais;

(d) iarradh an dliteanas idirspleách de bhun ceanglas dlíthiúil, rialála nó conarthach agus ní úsáidtear é chun sócmhainní eile a mhaoiniú;

(e) ní úsáidtear na sreabha príomhshuime ón tsócmhainn chun críocha eile seachas chun an dliteanas idirspleách a aisíoc;

(f) ní hionann na contrapháirtithe le haghaidh gach péire sócmhainní agus dliteanas idirspleách.

2. Measfar go gcomhlíonfaidh sócmhainní agus dliteanais na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 agus measfar iad a bheith idirspleách i gcás ina bhfuil baint dhíreach acu leis na táirgí nó na seirbhísí seo a leanas:

(a) coigiltis rialáilte láraithe, ar an gcoinníoll go bhfuil ceangal dlí ar institiúidí taiscí rialáilte a aistriú chuig ciste láraithe arna chur ar bun agus arna rialú ag rialtas láir Ballstáit agus lena gcuirfear iasachtaí ar fáil chun cuspóirí leasa phoiblí a chur chun cinn, agus ar an gcoinníoll go n-aistreofar taiscí chuig an gciste láraithe ar bhonn míosa ar a laghad;

(b) iasachtaí cur chun cinn agus saoráidí creidmheasa agus leachtachta a chomhlíonfaidh na critéir a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1) i gcomhair institiúidí atá ag gníomhú mar ghnáth-idirghabhálaithe nach dtabhaíonn aon phriacal cistiúcháin;

(c) bannaí faoi chumhdach a chomhlíonfaidh na coinníollacha seo a leanas uile:

(i) is bannaí iad dá dtagraítear in Airteagal 52(4) de Threoir 2009/65/CE nó comhlíonann siad na ceanglais incháilitheachta don láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 129(4) nó in Airteagal 129(5) den Rialachán seo;

(ii) déantar na hiasachtaí foluiteacha a mhaoiniú le cistiúchán comhréireach trí bhannaí faoi chumhdach a eisíodh nó go bhfuil sna bannaí faoi chumhdach truicir aibíochta neamhlánroghnacha insínte aon bhliana amháin nó níos mó go dtí go mbeidh téarma na n-iasachtaí foluiteacha istigh i gcás teip athmhaoinithe ag dáta aibíochta an bhanna faoi chumhdach;

(d) gníomhaíochtaí imréitigh díorthach cliant, ar an gcoinníoll nach dtabharfaidh an institiúid aon ráthaíocht maidir le feidhmíocht an chontrapháirtí lárnaigh dá cliaint agus nach dtabhóidh sí aon phriacal cistiúcháin dá bharr.

▼M8

3. Déanfaidh ÚBE faireachán ar shócmhainní agus ar dhliteanais, chomh maith le táirgí agus seirbhísí a láimhseáiltear mar shócmhainní agus dhliteanais idirspleácha faoi mhír 1 agus faoi mhír 2 chun a chinneadh an gcomhlíontar na critéir a leagtar síos i mír 1 agus chun a mhéid a chomhlíontar iad a chinneadh. Cuirfidh ÚBE tuarascáil chuig an gCoimisiún maidir le torthaí an fhaireacháin sin agus cuirfidh sé comhairle ar an gCoimisiún an mbeadh leasú ar na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 nó leasú ar liosta na dtáirgí agus na seirbhísí dá dtagraítear i mír 2 riachtanach nó nach mbeadh.

*Airteagal 428g*

**Taiscí i scéimeanna cosanta institiúideacha agus líonraí comharchumann**

I gcás ina mbaineann institiúid le scéim cosanta institiúideach den chineál dá dtagraítear in Airteagal 113(7), le líonra is incháilithe don tarscaoileadh dá bhforáiltear in Airteagal 10 nó le líonra comharchumann i mBallstát, beidh na taiscí ar amharc a choinníonn an institiúid leis an institiúid lárnach agus a mheasann an institiúid taiscthe gur sócmhainní leachtachta iad de bhun an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1), beidh na taiscí sin faoi réir an mhéid seo a leanas:

(a) cuirfidh an institiúid taiscthe i bhfeidhm an fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh faoi Roinn 2 de Chaibidil 4, ag brath ar láimhseáil na dtaiscí ar amharc sin mar shócmhainní leibhéal 1, leibhéal 2A nó leibhéal 2B de bhun an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1) agus ag brath ar an gcaolchorrlach ábhartha arna chur i bhfeidhm ar na taiscí ar amharc sin chun an cóimheas cumhdaigh ar leachtacht a ríomh;

(b) cuirfidh an institiúid lárnach a gheobhaidh an taisce an fachtóir cistiúcháin chobhsaí siméadrach comhfhreagrach atá ar fáil i bhfeidhm.

*Airteagal 428h*

**Cóir fhabhrach laistigh de ghrúpa nó laistigh de scéim chosanta institiúideach**

1. De mhaolú ar Chaibidil 3 agus ar Chaibidil 4, agus i gcás nach bhfuil feidhm ag Airteagal 428g, féadfaidh údaráis inniúla institiúidí a údarú, ar bhonn cás ar chás, fachtóir is airde cistiúcháin chobhsaí atá ar fáil nó fachtóir is ísle cistiúcháin chobhsaí atá de dhíth a chur i bhfeidhm ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar shaoráidí tiomanta creidmheasa nó ar shaoráidí tiomanta leachtachta, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) is ceann díobh seo a leanas an contrapháirtí:

(i) an mháthairinstitiúid nó fochuideachta de chuid na máthairinstitiúide;

(ii) fochuideachta eile de chuid na máthairinstitiúide céanna;

(iii) gnóthas atá nasctha leis an institiúid de réir bhrí Airteagal 22(7) de Threoir 2013/34/AE;

(iv) tá sé ina chomhalta den scéim cosanta institiúideach chéanna dá dtagraítear in Airteagal 113(7) den Rialachán seo agus atá an institiúid;

▼M8

(v) an comhlacht lárnach nó institiúid creidmheasa chleamhnaithe de chuid líonra nó grúpa comharchumann dá dtagraítear in Airteagal 10 den Rialachán seo;

(b) tá cúiseanna ann le bheith ag súil gur foinse cistiúcháin níos cobhsaí é an tsaoráid dliteanas nó an tsaoráid thiomanta creidmheasa nó an tsaoráid thiomanta leachtachta a gheobhaidh an institiúid, nó gur lú an chobhsaíocht cistiúcháin a theastaíonn ón tsócmhainn nó ón tsaoráid thiomanta creidmheasa nó ón tsaoráid thiomanta leachtachta a dheonóidh an institiúid thar thréimhse ionchasach bliana an chóimheasa glanchistiúcháin chobhsaí seachas an tsaoráid dliteanas chéanna, an tsaoráid sócmhainní chéanna nó an tsaoráid thiomanta creidmheasa chéanna nó an tsaoráid thiomanta leachtachta chéanna arna bhfáil nó arna ndeonú ag contrapháirtithe eile;

(c) cuireann an contrapháirtí fachtóir cistiúcháin chobhsaí i bhfeidhm arb ionann é nó ar airde é ná an fachtóir is airde cistiúcháin chobhsaí atá ar fáil nó cuireann sé fachtóir cistiúcháin chobhsaí atá ar fáil i bhfeidhm arb ionann é nó ar ísle é ná an fachtóir is ísle cistiúcháin chobhsaí atá de dhíth;

(d) beidh an institiúid agus an contrapháirtí bunaithe sa Bhallstát céanna.

2. I gcás ina bhfuil an institiúid agus an contrapháirtí bunaithe i mBallstáit dhifriúla, féadfaidh na húdaráis inniúla an coinníoll a leagtar amach i bpointe (d) de mhír 1 a tharscaoileadh ar an gcoinníoll go gcomhlíonfar na critéir seo a leanas chomh maith leis na critéir a leagtar amach i mír 1:

(a) is ann do chomhaontuithe atá ceangailteach ó thaobh dlí de agus do cheangaltais idir grúpeintitis maidir leis an tsaoráid dliteanas, an tsaoráid sócmhainní nó an tsaoráid thiomanta creidmheasa nó an tsaoráid thiomanta leachtachta;

(b) tá próifíl priacail cistiúcháin íseal ag an soláthraí cistiúcháin;

(c) tá próifíl priacail cistiúcháin an fhaighteora chistiúcháin curtha san áireamh mar is iomchuí i mbainistiú priacail leachtachta an tsoláthraí chistiúcháin.

Rachaidh na húdaráis inniúla i gcomhairle le chéile i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 20(1) chun a chinneadh an gcomhlíonfar na critéir bhreise a leagtar amach sa mhír seo.

*CAIBIDIL 3*

***Cistiú cobhsaí atá ar fáil***

Roinn 1

**Forálacha ginearálta**

*Airteagal 428i*

**Méid an chistiúcháin chobhsaí atá ar fáil a ríomh**

Mura sainítear a mhalairt sa Chaibidil seo, déanfar méid an chistiúcháin chobhsaí atá ar fáil a ríomh trí luach cuntasaíochta na gcatagóirí éagsúla nó na gcineálacha éagsúla dliteanas agus cistí dílse a iolrú faoi na fachtóirí cistiúcháin chobhsaí atá ar fáil agus atá le cur i bhfeidhm faoi Roinn 2. Is éard a bheidh i méid iomlán an chistiúcháin chobhsaí atá ar fáil suim mhéideanna ualaithe na ndliteanas agus na gcistí dílse.

▼M8

Bannaí agus urrúis fiachais eile a eisíonn an institiúid, a dhíoltar go heisiach sa mhargadh miondíola agus a shealbhaítear i gcuntas miondíola, féadfar iad a láimhseáil amhail is gur leis an gcatagóir iomchuí taisce miondíola iad. Cuirfear teorannú i bhfeidhm ionas nach bhféadfaidh páirtithe eile seachas custaiméirí miondíola na hionstraimí sin a cheannach ná a shealbhú.

*Airteagal 428j*

**Aibíocht iarmhair dliteanais nó cistí dílse**

1. Mura sainítear a mhalairt sa Chaibidil seo, cuirfidh institiúidí aibíocht chonarthach iarmhair a ndliteanas agus a gcistí dílse san áireamh chun na fachtóirí cistiúcháin chobhsaí atá ar fáil agus atá le cur i bhfeidhm faoi Roinn 2 a chinneadh.

2. Cuirfidh institiúidí roghanna atá ann cheana féin san áireamh agus aibíocht iarmhair dliteanais nó cistí dílse á cinneadh. Déanfaidh siad é sin ar an tuiscint go ndéanfaidh an contrapháirtí céadroghanna ar cheannach a fhuascailt ar an dáta is luaithe is féidir. I gcás céadroghanna is infheidhmithe de rogha na hinstitiúide, cuirfidh an institiúid agus na húdaráis inniúla san áireamh fachtóirí a bhaineann le clú a d'fhéadfadh teorainn a chur le cumas institiúide gan an rogha a fheidhmiú, go háirithe ar ionchais an mhargaidh gur cheart d'institiúidí dliteanais áirithe a fhuascailt sula dtiocfaidh siad in aibíocht.

3. Déanfaidh institiúidí na taiscí sin a bhfuil tréimhsí seasta fógra ag gabháil leo a láimhseáil i gcomhréir lena dtréimhse fógra agus déanfaidh siad taiscí téarma a láimhseáil i gcomhréir lena n-aibíocht iarmhair. De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo, ní chuirfidh institiúidí san áireamh roghanna le haghaidh aistarraingtí luatha, i gcás ina mbeidh ar an taisceoir pionós ábhartha a íoc as aistarraingtí luatha a dhéantar sula mbeidh bliain amháin istigh, ar pionós é a leagtar síos sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1), chun aibíocht iarmhair taiscí miondíola téarma a chinneadh.

4. Chun na fachtóirí cistiúcháin chobhsaí atá ar fáil atá le cur i bhfeidhm faoi Roinn 2 a chinneadh, láimhseálfaidh institiúidí aon sciar de na dliteanais a bhfuil aibíocht iarmhair aon bhliana amháin nó níos mó acu agus a thiocfaidh in aibíocht laistigh de shé mhí, nó aon chuid de dhliteanais den sórt sin a thiocfaidh in aibíocht idir sé mhí agus níos lú ná aon bhliain amháin mar dhliteanais a bhfuil aibíocht iarmhair acu is lú ná sé mhí agus idir sé mhí agus níos lú ná aon bhliain amháin, faoi seach.

*Roinn 2*

***Fachtóirí cistiúcháin chobhsaí atá ar fáil***

*Airteagal 428k*

**Fachtóir 0 % den chistiú cobhsaí atá ar fáil**

1. Mura sonraítear a mhalairt in Airteagal 428l go hAirteagal 428o, beidh na dliteanais ar fad nach bhfuil aibíocht luaite leo, lena n-áirítear suíomhanna gearra agus suíomhanna aibíochta oscailte, faoi réir fachtóir 0 % den chistiú cobhsaí atá ar fáil, cé is moite de na cinn seo a leanas:

▼M8

(a) dliteanais chánach iarchurtha, a ndéanfar a láimhseáil de réir an dáta is gaire is féidir a bhféadfaí na dliteanais sin a réadú;

(b) leasanna mionlaigh, a ndéanfar a láimhseáil de réir théarma na hionstraime.

2. Beidh dliteanais chánach iarchurtha agus leasanna mionlaigh dá dtagraítear sa chéad mír 1 faoi réir ceann amháin de na fachtóirí seo a leanas:

(a) 0 %, i gcás ina bhfuil aibíocht iarmhair ábhartha is lú ná sé mhí ag an dliteanas cánach iarchurtha;

(b) 50 %, i gcás ina bhfuil aibíocht iarmhair ábhartha sé mhí ar a laghad ach is lú ná aon bhliain amháin ag an dliteanas cánach iarchurtha nó ag na leasanna mionlaigh;

(c) 100 %, i gcás ina bhfuil aibíocht iarmhair ábhartha de bhliain amháin nó níos mó ag an dliteanas cánach iarchurtha nó ag na leasanna mionlaigh.

▼C7

3. Beidh na dliteanais agus na hítimí nó na hionstraimí caipitil seo a leanas faoi réir fachtóir 0 % den chistiú cobhsaí atá ar fáil:

▼M8

(a) dliteanais atá iníoctha ar an dáta trádála a eascróidh ó cheannach ionstraimí airgeadais, ó airgeadraí eachtracha agus ó thráchtearraí, a mheastar go socróidh siad laistigh den timthriall socraíochta caighdeánach nó laistigh den tréimhse is gnách le haghaidh malartú ábhartha nó don chineál idirbheart nó ar theip orthu socrú, ach a mheastar mar sin féin go socróidh siad;

(b) dliteanais a rangaítear mar dhliteanais atá idirspleách ar shócmhainní i gcomhréir le hAirteagal 428f;

(c) dliteanais a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná sé mhí acu arna gcur ar fáil:

(i) an Banc Ceannais Eorpach (BCE) nó banc ceannais Ballstáit;

(ii) banc ceannais tríú tír;

(iii) custaiméirí airgeadais;

(d) aon dliteanais agus ítimí nó ionstraimí caipitil eile nach dtagraítear dóibh in Airteagal 428l go hAirteagal 428o.

4. Cuirfidh institiúidí fachtóir 0 % den chistiú cobhsaí atá ar fáil i bhfeidhm ar luach absalóideach na difríochta, más diúltach é, idir méid na luachanna córa thar gach tacar glanluachála a bhfuil luach cóir deimhneach acu agus méid na luachanna córa thar gach tacar glanluachála a bhfuil luach cóir diúltach acu arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 428d.

Beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas maidir leis an ríomh dá dtagraítear sa chéad fhomhír:

(a) bainfear an corrlach athrúcháin a gheobhaidh institiúidí óna gcontrapháirtithe ón luach cóir tacair glanluachála a bhfuil luach cóir deimhneach aige i gcás ina gcáileoidh an chomhthaobhacht a gheofar mar chorrlach athrúcháin mar shócmhainn leibhéal 1 de bhun an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1), cé is moite de bhannaí faoi chumhdach fíor-ardchaighdeáin a shonraítear sa ghníomh tarmligthe sin, agus i gcás ina bhfuil an teideal dlí agus an cumas oibríochtúil ag institiúidí an chomhthaobhacht sin a athúsáid;

(b) bainfear an corrlach uile athrúcháin a bhreacfaidh institiúidí lena gcontrapháirtithe ó luach cóir tacair glanluachála a bhfuil luach cóir diúltach aige.

▼M8

*Airteagal 428l*

**Fachtóir 50 % den chistiú cobhsaí atá ar fáil**

▼C7

Beidh na dliteanais agus na hítimí nó na hionstraimí caipitil seo a leanas faoi réir fachtóir 50 % den chistiú cobhsaí atá ar fáil:

▼M8

(a) taiscí a fhaightear a chomhlíonann na critéir maidir le taiscí oibríochtúla a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1);

(b) dliteanais a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná bliain amháin acu arna gcur ar fáil acu seo a leanas:

(i) rialtas láir Ballstáit nó tríú tír;

(ii) rialtais réigiúnacha nó údaráis áitiúla Ballstáit nó tríú tír;

(iii) eintitis earnála poiblí i mBallstát nó i dtríú tír;

(iv) na bainc forbartha iltaobhacha dá dtagraítear in Airteagal 117(2) agus na heagraíochtaí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 118;

(v) custaiméirí corparáideacha neamhairgeadais;

(vi) comhair chreidmheasa atá údaraithe ag údarás inniúil, cuideachtaí infheistíochta phearsanta agus cliaint ar bróicéirí taisce iad sa mhéid nach dtagann na dliteanais sin faoi phointe (a) den mhír seo;

(c) dliteanais a bhfuil aibíocht chonarthach iarmhair sé mhí ar a laghad ach níos lú ná bliain amháin acu arna gcur ar fáil acu seo a leanas:

(i) an Banc Ceannais Eorpach (BCE) nó banc ceannais Ballstáit;

(ii) banc ceannais tríú tír;

(iii) custaiméirí airgeadais;

▼C7

(d) aon dliteanais agus ítimí nó ionstraimí caipitil eile a bhfuil aibíocht chonarthach iarmhair sé mhí ar a laghad ach is lú ná bliain amháin acu nach dtagraítear dóibh in Airteagail 428m, 428n agus 428o.

▼M8

*Airteagal 428m*

**Fachtóir 90 % den chistiú cobhsaí atá ar fáil**

Beidh taiscí miondíola ar amharc, taiscí miondíola a bhfuil tréimhse sheasta fógra is lú ná aon bhliain amháin acu agus taiscí miondíola téarma a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná aon bhliain amháin acu agus a chomhlíonann na critéir ábhartha do thaiscí miondíola eile a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1) faoi réir fachtóir 90 % den chistiú cobhsaí atá ar fáil.

*Airteagal 428n*

**Fachtóir 95 % den chistiú cobhsaí atá ar fáil**

Beidh taiscí miondíola ar amharc, taiscí miondíola a bhfuil tréimhse sheasta fógra is lú ná aon bhliain amháin acu agus taiscí miondíola téarma a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná aon bhliain amháin acu agus a chomhlíonann na critéir ábhartha do thaiscí miondíola cobhsaí a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1) faoi réir fachtóir 95 % den chistiú cobhsaí atá ar fáil.

▼M8

*Airteagal 428o*

**Fachtóir 100 % den chistiú cobhsaí atá ar fáil**

Beidh na dliteanais chomh maith leis na hítimí caipitil agus na hionstraimí caipitil seo a leanas faoi réir fachtóir 100 % den chistiú cobhsaí atá ar fáil:

(a) ítimí de Ghnáthchothromas Leibhéal 1 na hinstitiúide sula ndéanfar na coigeartuithe is gá de bhun Airteagal 32 go hAirteagal 35, sula ndéanfar na hasbhaintí de bhun Airteagal 36 agus sula gcuirfear i bhfeidhm na díolúintí agus na roghanna a leagtar síos in Airteagal 48, in Airteagal 49 agus in Airteagal 79;

(b) ítimí Breise Leibhéal 1 na hinstitiúide sula ndéantar na hítimí dá dtagraítear in Airteagal 56 a asbhaint agus sula gcuirtear Airteagal 79 i bhfeidhm ina leith, seachas aon ionstraimí a bhfuil roghanna follasacha nó roghanna leabaithe acu a laghdódh an aibíocht iarmhair iarbhír, dá bhfeidhmeofaí iad, go níos lú ná bliain amháin;

(c) ítimí Leibhéal 2 na hinstitiúide sula ndéanfar na hasbhaintí dá dtagraítear in Airteagal 66 agus sula gcuirfear Airteagal 79 i bhfeidhm, a bhfuil aibíocht iarmhair bliain amháin nó níos mó acu, seachas aon ionstraimí a bhfuil roghanna follasacha nó roghanna leabaithe acu a laghdódh an aibíocht iarmhair iarbhír, dá bhfeidhmeofaí iad, go níos lú ná bliain amháin;

(d) aon ionstraimí caipitil eile de chuid na hinstitiúide a bhfuil aibíocht iarmhair bliain amháin nó níos mó acu, seachas aon ionstraimí a bhfuil roghanna follasacha nó roghanna leabaithe acu a laghdódh an aibíocht iarmhair iarbhír, dá bhfeidhmeofaí iad, go níos lú ná bliain amháin;

(e) aon iasachtaí nó dliteanais urraithe agus neamhurraithe eile a bhfuil aibíocht iarmhair bliain amháin nó níos mó acu, lena n-áirítear taiscí téarma, mura sonraítear a mhalairt in Airteagal 428k go hAirteagal 428n.

*CAIBIDIL 4*

***Cistiú cobhsaí ceangailteach***

Roinn 1

**Forálacha ginearálta**

*Airteagal 428p*

**Méid an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh a ríomh**

1. Mura sonraítear a mhalairt sa Chaibidil seo, ríomhfar méid an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh trí luach cuntasaíochta na gcatagóirí nó na gcineálacha éagsúla sócmhainní agus ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe a iolrú faoi na fachtóirí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh a bheidh le cur i bhfeidhm i gcomhréir le Roinn 2. Is éard a bheidh i méid iomlán an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh suim mhéideanna ualaithe na ndliteanas agus na n-ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe.

2. Sócmhainní atá faighte ar iasacht ag institiúidí, lena n-áirítear in idirbhearta um maoiniú urrús, eisiafar iad ó ríomh mhéid an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh i gcás ina gcuirtear na sócmhainní sin san áireamh i gclár comhardaithe na hinstitiúide agus nach bhfuil úinéireacht thairbhiúil ag an institiúid orthu.

▼M8

I gcás sócmhainní atá faighte ar iasacht ag institiúidí, lena n-áirítear in idirbhearta um maoiniú urrús, beidh siad faoi réir na bhfachtóirí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh atá le cur i bhfeidhm faoi Roinn 2 i gcás nach gcuirtear na sócmhainní sin san áireamh i gclár comhardaithe na hinstitiúide ach a bhfuil úinéireacht thairbhiúil ag an institiúid orthu.

3. I gcás sócmhainní atá tugtha ag institiúidí ar iasacht, lena n-áirítear in idirbhearta um maoiniú urrús a gcoimeádann an institiúid úinéireacht thairbhiúil orthu, measfar gur sócmhainní ualaithe chun críocha na Caibidle seo iad agus beidh siad faoi réir na bhfachtóirí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh a bheidh le cur i bhfeidhm faoi Roinn 2, fiú mura bhfanann na sócmhainní ar chlár comhardaithe na hinstitiúide. Seachas sin, eisiafar na sócmhainní sin ó ríomh mhéid an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh.

4. I gcás sócmhainní atá ualaithe le haghaidh aibíocht iarmhair sé mhí nó níos faide, sannfar an fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh a bheadh le cur i bhfeidhm faoi Roinn 2 ar na sócmhainní sin ach iad a bheith á sealbhú go neamhualaithe nó sannfar an fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh is infheidhme i ngach cás eile maidir leis na sócmhainní ualaithe sin, cibé fachtóir is airde. Beidh an méid sin infheidhme freisin i gcás ina mbeidh aibíocht iarmhair na sócmhainní atá ualaithe níos giorra ná aibíocht iarmhair an idirbhirt is údar leis an ualú.

Sócmhainní a bhfuil níos lú ná sé mhí fágtha acu de thréimhse ualaithe, beidh siad faoi réir na bhfachtóirí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh atá le cur i bhfeidhm faoi Roinn 2 ar na sócmhainní céanna má sealbhaíodh iad go neamhualaithe.

5. I gcás ina n-athúsáidfidh nó ina n-athgheallfaidh institiúid sócmhainn a fhaightear ar iasacht, lena n-áirítear idirbhearta um maoiniú urrús, agus i gcás ina gcuirtear an tsócmhainn sin san áireamh lasmuigh den chlár comhardaithe, déanfar an t-idirbheart a bhfuarthas an tsócmhainn sin ar iasacht ina leith a láimhseáil mar idirbheart ualaithe ar choinníoll nach bhféadfaidh an t-idirbheart teacht in aibíocht mura ndéanfaidh an institiúid an sócmhainn a fuarthas ar iasacht a thabhairt ar ais.

6. Measfar gur sócmhainní neamhualaithe na sócmhainní seo a leanas:

(a) sócmhainní a áirítear i gcomhthiomsú agus ar fáil lena n-úsáid láithreach mar chomhthaobhacht chun cistiúchán breise a fháil faoi línte creidmheasa geallta nó, i gcás ina bhfuil an comhthiomsú á fheidhmiú ag banc ceannais, faoi línte creidmheasa nach bhfuil geallta agus atá ar fáil don institiúid ach nach bhfuil cistithe go fóill; leis na sócmhainní sin, cuimseofar sócmhainní arna láithriú ag institiúid creidmheasa le hinstitiúid lárnach i líonra comharchumann nó i scéim cosanta institiúideach; toimhdeoidh institiúidí go mbeidh na sócmhainní sa chomhthiomsú ualaithe in ord méadaitheach a leachtachta bunaithe ar an aicmiú leachtachta de bhun an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1), ag tosú le sócmhainní bhfuil incháilithe le haghaidh an mhaoláin leachtachta;

(b) sócmhainní atá faighte ag an institiúid mar chomhthaobhacht ar mhaithe le maolú priacail creidmheasa in idirbhearta iasachta urraithe, idirbhearta maoiniúcháin urraithe nó idirbhearta malartaithe comhthaobhachta agus a fhéadfaidh an institiúid a dhiúscairt;

▼M8

(c) sócmhainní atá ceangailte mar rósholáthar urrúis chomhthaobhaigh neamhéigeantach le heisiúint bannaí faoi chumhdach.

7. I gcás oibríochtaí neamhchaighdeánacha sealadacha arna gcur i gcrích ag BCE nó ag banc ceannais Ballstáit nó ag banc ceannais tríú tír chun a shainordú a chomhlíonadh i dtréimhse struis airgeadais ar fud an mhargaidh nó i gcúinsí eisceachtúla maicreacnamaíocha, féadfaidh na sócmhainní seo a leanas fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh atá laghdaithe a fháil:

(a) sócmhainní atá ualaithe chun críocha na n-oibríochtaí dá dtagraítear san fhomhír seo, de mhaolú ar phointe (f) d'Airteagal 428ad agus ar phointe (a) d'Airteagal 428ah(1);

(b) airgead a thiocfaidh as na hoibríochtaí dá dtagraítear san fhomhír seo, de mhaolú ar phointí (d)(i) agus (d)(ii) d'Airteagal 428ad, ar phointe (b) d'Airteagal 428af agus ar phointe (c) d'Airteagal 428ag.

Cinnfidh na húdaráis inniúla, i gcomhaontú leis an mbanc ceannais arb é contrapháirtí an idirbhirt é, an fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh a bheidh le cur i bhfeidhm ar na sócmhainní dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) den chéad fhomhír. I gcás sócmhainní ualaithe dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír, ní bheidh an fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh, atá le cur i bhfeidhm, níos lú ná an fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh a mbeadh feidhm aige, faoi Roinn 2, maidir leis na sócmhainní sin dá mbeidís á sealbhú go neamhualaithe.

Agus fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh atá laghdaithe á chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an dara fomhír, déanfaidh na húdaráis inniúla faireachán géar ar an tionchar a bheidh ag an bhfachtóir laghdaithe sin ar shuíomhanna cistiúcháin chobhsaí de chuid institiúidí agus déanfaidh siad bearta maoirseachta iomchuí i gcás inar gá.

8. Chun aon chomhaireamh dúbailte a sheachaint, eisiafaidh institiúidí sócmhainní a bhaineann le comhthaobhacht a aithnítear mar chorrlach athrúcháin arna bhreacadh i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 428k(4) agus le pointe (b) d'Airteagal 428ah(2) nó a aithnítear mar chorrlach tosaigh arna bhreacadh, nó a aithnítear mar ranníocaíocht le ciste mainneachtana an chontrapháirtí lárnaigh i gcomhréir le pointí (a) agus (b) d'Airteagal 428ag eisiafaidh siad na sócmhainní sin ó chodanna eile de ríomh mhéid an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh i gcomhréir leis an gCaibidil seo.

9. Sa ríomh a dhéanfaidh siad ar mhéid an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh ionstraimí airgeadais, áireoidh institiúidí airgeadraí iasachta agus tráchtearraí a ndearnadh ordú ceannaigh ina leith. Eisiafaidh siad ionstraimí airgeadais, airgeadraí iasachta agus tráchtearraí a ndearnadh ordú ceannaigh ina leith ó ríomh mhéid an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh, ar choinníoll nach léireofar na hidirbhearta sin mar dhíorthaigh nó mar idirbhearta cistithe urraithe ar chlár comhardaithe na n-institiúidí agus go léireofar na hidirbhearta sin ar chlár comhardaithe na n-institiúidí nuair a bheidh siad socraithe.

10. Féadfaidh údaráis inniúla na fachtóirí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh a chinneadh le cur i bhfeidhm ar risíochtaí lasmuigh den chlár comhardaithe nach dtagraítear dóibh sa Chaibidil seo lena áirithiú go gcoinneoidh institiúidí méid iomchuí an chistiúcháin chobhsaí ar fáil don sciar de na risíochtaí sin a mheastar ina leith go mbeidh cistiúchán de dhíth orthu le linn thréimhse ionchasach bliana an chóimheasa glanchistiúcháin chobhsaí. Chun na fachtóirí sin a chinneadh, cuirfidh údaráis inniúla san áireamh, go háirithe, damáiste ábhartha do chlú na hinstitiúide a d'fhéadfadh tarlú i gcás nach gcuirfí an cistiú sin ar fáil.

▼M8

Cuirfidh údaráis inniúla tuairisc chuig ÚBE, uair sa bhliain ar a laghad, maidir leis na cineálacha risíochtaí lasmuigh den chlár comhardaithe a bhfuil na fachtóirí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh cinntithe acu ina leith. Áireoidh siad sa tuairisc sin míniú ar an modheolaíocht a cuireadh i bhfeidhm chun na fachtóirí sin a chinneadh.

*Airteagal 428q*

**Aibíocht iarmhair sócmhainne**

1. Mura sonraítear a mhalairt sa Chaibidil seo, cuirfidh institiúidí aibíocht chonarthach iarmhair a sócmhainní agus a n-idirbheart lasmuigh den chlár comhardaithe san áireamh chun na fachtóirí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh atá le cur i bhfeidhm ar a sócmhainní agus ar a n-ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe faoi Roinn 2 a chinneadh.

2. Déanfaidh institiúidí sócmhainní arna leithscaradh i gcomhréir le hAirteagal 11(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a láimhseáil i gcomhréir le risíocht fholuiteach na sócmhainní sin. Ina ainneoin sin, cuirfidh institiúidí na sócmhainní sin faoi réir fachtóirí níos airde cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh ag brath ar an téarma ualaithe atá le cinneadh ag na húdaráis inniúla agus déanfaidh na húdaráis sin a mheas an féidir le hinstitiúid na sócmhainní sin a dhiúscairt nó a mhalartú gan srian agus breithneoidh siad téarma na ndliteanas i leith chliaint na n-institiúidí lena mbaineann an ceanglas sin maidir le leithscaradh.

3. Agus aibíocht iarmhair sócmhainne á ríomh acu, cuirfidh institiúidí céadroghanna san áireamh, bunaithe ar an toimhde go bhfeidhmeoidh an t-eisitheoir nó an contrapháirtí aon chéadrogha chun síneadh a chur le haibíocht sócmhainne. Maidir le céadroghanna is infheidhmithe de rogha na hinstitiúide, cuirfidh an institiúid agus na húdaráis inniúla san áireamh fachtóirí clú a d'fhéadfadh teorainn a chur le cumas na hinstitiúide gan an chéadrogha a fheidhmiú, go háirithe ionchais na margaí agus na gcliant gur cheart don institiúid síneadh a chur le haibíocht sócmhainní áirithe nuair a bheidh a ndáta aibíochta istigh.

4. Chun na fachtóirí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh a bheidh le cur i bhfeidhm i gcomhréir le Roinn 2 a chinneadh, maidir le hiasachtaí amúchta a bhfuil aibíocht chonarthach iarmhair bliana nó níos mó acu, déanfar aon sciar a thagann in aibíocht laistigh de thréimhse is giorra ná sé mhí agus aon sciar a thagann in aibíocht laistigh de thréimhse idir sé mhí agus níos lú ná bliain amháin a láimhseáil mar sciar a bhfuil aibíocht iarmhair níos lú ná sé mhí aige nó idir sé mhí agus níos lú ná bliain amháin aige faoi seach.

Roinn 2

**Fachtóirí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh**

*Airteagal 428r*

**Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 0 %**

1. Beidh na sócmhainní seo a leanas faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 0 %:

▼**M8**

(a) sócmhainní neamhualaithe is incháilithe mar shócmhainní leachtacha ardchaighdeáin leibhéal 1 de bhun an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1), cé is moite de bhannaí faoi chumhdach fíor-ardchaighdeáin a shonraítear sa ghníomh tarmligthe sin, bíodh na ceanglais oibriúcháin mar a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe sin á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh;

(b) scaireanna nó aonaid neamhualaithe i GCanna is incháilithe le haghaidh caolchorrlach 0 % chun an cóimheas cumhdaigh ar leachtacht a ríomh de bhun an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1), bíodh na ceanglais oibriúcháin agus na ceanglais maidir le comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe sin á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh;

(c) cúlchistí uile na hinstitiúide, arna sealbhú sa Bhanc Ceannais Eorpach nó i mbanc ceannais Ballstáit nó i mbanc ceannais tríú tír, lena n-áirítear cúlchistí cheangailteacha agus cúlchistí barrachais;

(d) gach éileamh ar an mBanc Ceannais Eorpach, ar bhanc ceannais Ballstáit nó ar bhanc ceannais tríú tír ag a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná sé mhí;

(e) infháltais dátaí trádála a thagann as ionstraimí airgeadais, airgeadraí iasachta nó tráchtearraí a dhíol a mheastar go socróidh siad laistigh den timthriall socraíochta caighdeánach nó laistigh den tréimhse shocraíochta chaighdeánach is gnách don mhalartú ábhartha nó don chineál idirbhirt nó ar theip orthu socrú, ach a mheastar mar sin féin go socróidh siad;

(f) sócmhainní atá rangaithe mar shócmhainní idirspleácha a bhfuil dliteanais acu i gcomhréir le hAirteagal 428f;

(g) airgead atá dlite ó idirbhearta um maoiniú urrús le cliaint airgeadais i gcás ina bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná sé mhí ag na hidirbhearta sin, i gcás ina bhfuil an t-airgead dlite sin comhthaobhaithe le sócmhainní a cháilíonn mar shócmhainní leibhéal 1 de bhun an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1), cé is moite de bhannaí faoi chumhdach fíor-ardchaighdeáin a sainítear ann, agus i gcás ina mbeadh an teideal dlí agus an cumas oibríochtúil ag an institiúid na sócmhainní sin a athúsáid le linn shaolré an idirbhirt.

Cuirfidh institiúidí an t-airgead dlite dá dtagraítear i bpointe (g) den chéad fhomhír den mhír seo san áireamh ar bhonn glan i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 428e.

2. De mhaolú ar phointe (c) de mhír 1, féadfaidh údaráis inniúla, le comhaontú an bhainc ceannais ábhartha, cinneadh a dhéanamh maidir le fachtóir níos airde cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh a chur i bhfeidhm ar chúlchistí atá de dhíth, go háirithe nuair a chuirtear san áireamh a mhéid a bhíonn ceanglais chúlchistí ann thar tréimhse ionchasach bliana agus go mbíonn cistiú cobhsaí gaolmhar de dhíth orthu dá bharr.

Maidir le fochuideachtaí a bhfuil a gceannoifig acu i dtríú tír, i gcás ina bhfuil na cúlchistí ceangailteacha bainc ceannais faoi réir fachtóir níos airde cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh faoin gceanglas glanchistiúcháin chobhsaí arna leagan amach i ndlí náisiúnta an tríú tír sin, cuirfear an fachtóir níos airde cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh sin san áireamh chun críche comhdhlúthúcháin.

▼M8

*Airteagal 428s*

**Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 5 %**

1. Beidh na sócmhainní agus na hítimí lasmuigh den chlár comhardaithe seo a leanas faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 5 %:

(a) scaireanna nó aonaid neamhualaithe i GCanna is incháilithe le haghaidh caolchorrlach 5 % chun an cóimheas cumhdaigh ar leachtacht a ríomh i gcomhréir leis an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1), bíodh na ceanglais oibriúcháin agus na ceanglais maidir le comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta á gcomhlíonadh acu de réir mar a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe sin nó ná bíodh;

(b) airgead atá dlite ó idirbhearta um maoiniú urrús le cliaint airgeadais, i gcás ina bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná sé mhí ag na hidirbhearta sin, seachas iad siúd dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 428r(1);

(c) an chuid neamhtharraingthe de na saoráidí tiomanta creidmheasa agus leachtachta de bhun an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1);

(d) táirgí a bhaineann le maoiniú trádála lasmuigh den chlár comhardaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná sé mhí acu.

Cuirfidh institiúidí an t-airgead dlite dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír den mhír seo san áireamh ar bhonn glan i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 428e.

2. Maidir le tacair ghlanluachála uile na gconarthaí díorthach, cuirfidh institiúidí fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 5 % i bhfeidhm ar luach cóir absalóideach thacair ghlanluachála na gconarthaí díorthach sin, an chomhthaobhacht a bhreactar san áireamh, i gcás ina bhfuil luach cóir diúltach ag na tacair ghlanluachála sin. Chun críocha na míre seo, cinnfidh institiúidí an luach cóir mar oll fhoirmiú aon chomhthaobhacht a bhreactar nó socraíochta nó íocaíochtaí agus fáltais a bhaineann le luacháil ar an margadh athruithe ar na conarthaí sin.

*Airteagal 428t*

**Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 7 %**

Beidh sócmhainní neamhualaithe is incháilithe mar bhannaí faoi chumhdach fíor-ardchaighdeáin leibhéal 1 de bhun an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1) faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 7 %, bíodh na ceanglais oibriúcháin agus na ceanglais maidir le comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta mar a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe sin á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh.

*Airteagal 428u*

**Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 7,5 %**

Beidh táirgí a bhaineann le maoiniú trádála lasmuigh den chlár comhardaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a bhfuil aibíocht iarmhair sé mhí ar a laghad agus is lú ná bliain amháin acu, faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 7,5 %.

*Airteagal 428v*

**Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 10 %**

Beidh na sócmhainní agus na hítimí lasmuigh den chlár comhardaithe seo a leanas faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 10 %:

▼M8

(a) airgead atá dlite ó idirbhearta le cliaint airgeadais a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná sé mhí acu seachas iad siúd dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 428r(1) agus i bpointe (b) d'Airteagal 428s(1);

(b) táirgí a bhaineann le maoiniú trádála laistigh den chlár comhardaithe a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná sé mhí acu;

(c) táirgí a bhaineann le maoiniú trádála lasmuigh den chlár comhardaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a bhfuil aibíocht iarmhair d'aon bhliain amháin nó níos mó acu.

*Airteagal 428w*

**Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 12 %**

Beidh scaireanna nó aonaid neamhualaithe i GCanna is incháilithe le haghaidh caolchorrlach 12 % chun an cóimheas cumhdaigh ar leachtacht a ríomh i gcomhréir leis an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1) faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 12 %, bíodh na ceanglais oibriúcháin agus na ceanglais maidir le comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta mar a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe sin á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh.

*Airteagal 428x*

**Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 15 %**

Beidh sócmhainní neamhualaithe is incháilithe mar shócmhainní leibhéal 2A de bhun an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1) faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 15 %, bíodh na ceanglais oibriúcháin agus na ceanglais maidir le comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta mar a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe sin á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh.

*Airteagal 428y*

**Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 20 %**

Beidh scaireanna nó aonaid neamhualaithe i GCanna is incháilithe le haghaidh caolchorrlach 20 % chun an cóimheas cumhdaigh ar leachtacht a ríomh i gcomhréir leis an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1) faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 20 %, bíodh na ceanglais oibriúcháin agus na ceanglais maidir le comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta mar a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe sin á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh.

▼M8

*Airteagal 428z*

**Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 25 %**

Beidh urrúsuithe neamhualaithe leibhéal 2B de bhun an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1) faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 25 %, bíodh na ceanglais oibriúcháin agus na ceanglais maidir le comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta mar a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe sin á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh.

*Airteagal 428aa*

**Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 30 %**

Beidh na sócmhainní seo a leanas faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 30 %:

(a) bannaí faoi chumhdach ardchaighdeáin neamhualaithe de bhun an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1), bíodh na ceanglais oibriúcháin agus na ceanglais maidir le comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta mar a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe sin á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh;

(b) scaireanna nó aonaid neamhualaithe i GCanna is incháilithe le haghaidh caolchorrlach 30 % chun an cóimheas cumhdaigh ar leachtacht a ríomh i gcomhréir leis an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1), bíodh na ceanglais oibriúcháin agus na ceanglais maidir le comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta mar a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe sin á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh.

*Airteagal 428ab*

**Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 35 %**

Beidh na sócmhainní seo a leanas faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 35 %:

(a) urrúsuithe neamhualaithe leibhéal 2B de bhun an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1), bíodh na ceanglais oibriúcháin agus na ceanglais maidir le comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta mar a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe sin á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh;

(b) scaireanna nó aonaid neamhualaithe i GCanna is incháilithe le haghaidh caolchorrlach 35 % chun an cóimheas cumhdaigh ar leachtacht a ríomh de bhun an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1), bíodh na ceanglais oibriúcháin agus na ceanglais maidir le comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta mar a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe sin á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh.

*Airteagal 428ac*

**Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 40 %**

Beidh scaireanna nó aonaid neamhualaithe i GCanna is incháilithe le haghaidh caolchorrlach 40 % chun an cóimheas cumhdaigh ar leachtacht a ríomh de bhun an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1) faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 40 %, bíodh na ceanglais oibriúcháin agus na ceanglais maidir le comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta mar a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe sin á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh.

▼**M8**

*Airteagal 428ad*

**Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 50 %**

Beidh na sócmhainní seo a leanas faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 50 %:

(a) sócmhainní neamhualaithe is incháilithe mar shócmhainní leibhéal 2B de bhun an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1), cé is moite d'urrúsuithe neamhualaithe leibhéal 2B agus bannaí faoi chumhdach ardchaighdeáin de bhun an ghnímh tharmligthe sin, bíodh na ceanglais oibriúcháin agus na ceanglais maidir le comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta mar a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe sin á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh;

(b) taiscí arna sealbhú ag an institiúid in institiúid airgeadais eile a chomhlíonann na critéir maidir le taiscí oibríochtúla a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1);

(c) airgead atá dlite ó idirbhearta leis na dreamanna seo a leanas a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná aon bhliain amháin acu:

(i) rialtas láir Ballstáit nó de thríú tír;

(ii) rialtais réigiúnacha nó údaráis áitiúla i mBallstát nó i dtríú tír;

(iii) eintitis earnála poiblí Ballstáit nó de thríú tír;

(iv) na bainc forbartha iltaobhacha dá dtagraítear in Airteagal 117(2) agus na heagraíochtaí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 118;

(v) corparáidí neamhairgeadais, custaiméirí miondíola agus FBManna;

(vi) comhair chreidmheasa atá údaraithe ag údarás inniúil, cuideachtaí infheistíochta phearsanta agus cliaint ar bróicéirí taisce iad sa mhéid nach dtagann na dliteanais sin faoi phointe (a) den mhír seo;

(d) airgead atá dlite ó idirbhearta leis na dreamanna seo a leanas a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná aon bhliain amháin acu:

(i) an Banc Ceannais Eorpach nó banc ceannais Ballstáit;

(ii) banc ceannais tríú tír;

(iii) custaiméirí airgeadais;

(e) táirgí a bhaineann le maoiniú trádála laistigh den chlár comhardaithe a bhfuil aibíocht iarmhair sé mhí ar a laghad acu ach is lú ná aon bhliain amháin;

(f) sócmhainní atá ualaithe i gcomhair aibíocht iarmhair sé mhí ar a laghad ach is lú ná aon bhliain amháin, seachas i gcás ina sannfaí fachtóir níos airde cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh do na sócmhainní sin i gcomhréir le hAirteagal 428ae go hAirteagal 428ah ach iad a bheith á sealbhú go neamhualaithe agus, sa chás sin, beidh feidhm ag an bhfachtóir is airde cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh a bheadh infheidhme maidir leis na sócmhainní sin ach iad a bheith á sealbhú go neamhualaithe;

(g) aon sócmhainní eile a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná bliain amháin acu, mura sonraítear a mhalairt in Airteagal 428r go hAirteagal 428ac.

▼M8

*Airteagal 428ae*

**Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 55 %**

Beidh scaireanna nó aonaid neamhualaithe i GCanna is incháilithe le haghaidh caolchorrlach 55 % chun an cóimheas cumhdaigh ar leachtacht a ríomh i gcomhréir leis an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1) faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 55 %, bíodh na ceanglais oibriúcháin agus na ceanglais maidir le comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta mar a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe sin á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh.

*Airteagal 428af*

**Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 65 %**

Beidh na sócmhainní seo a leanas faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 65 %:

(a) iasachtaí neamhualaithe atá urraithe le morgáistí ar mhaoin chónaithe nó iasachtaí áite cónaithe neamhualaithe atá ráthaithe go hiomlán ag soláthraí cosanta incháilithe dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 129(1) a bhfuil aibíocht iarmhair bliana nó níos mó acu, ar choinníoll go sannfar ualú priacail 35 % nó níos lú do na hiasachtaí sin i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal II de Chuid a Trí;

(b) iasachtaí neamhualaithe a bhfuil aibíocht iarmhair bliana nó níos mó acu, cé is moite d'iasachtaí do chustaiméirí airgeadais agus d'iasachtaí dá dtagraítear in Airteagal 428r go hAirteagal 428ad, ar choinníoll go sannfar ualú priacail 35 % nó níos lú do na hiasachtaí sin i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal II de Chuid a Trí.

*Airteagal 428ag*

**Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 85 %**

Beidh na sócmhainní agus na hítimí lasmuigh den chlár comhardaithe seo a leanas faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 85 %:

(a) aon sócmhainní agus ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe lena n-áirítear airgead tirim, a bhreactar mar chorrlach tosaigh le haghaidh conarthaí díorthach, ach amháin i gcás ina sannfaí dóibh fachtóir níos airde cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh i gcomhréir le hAirteagal 428ah ach iad a bheith á sealbhú go neamhualaithe agus, sa chás sin, beidh feidhm ag an bhfachtóir is airde cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh a bheadh infheidhme maidir leis na sócmhainní sin ach iad a bheith á sealbhú go neamhualaithe;

(b) aon sócmhainní agus ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe, lena n-áirítear airgead tirim, a bhreactar mar ranníocaíocht le ciste mainneachtana an chontrapháirtí lárnaigh, ach amháin i gcás ina sannfaí dóibh fachtóir níos airde cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh i gcomhréir le hAirteagal 428ah ach iad a bheith á sealbhú go neamhualaithe agus, sa chás sin, cuirfear i bhfeidhm an fachtóir is airde cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh atá le cur i bhfeidhm ar an tsócmhainn neamhualaithe;

▼**M8**

(c) iasachtaí neamhualaithe a bhfuil aibíocht iarmhair bliana nó níos mó acu, cé is moite d'iasachtaí do chustaiméirí airgeadais agus d'iasachtaí dá dtagraítear in Airteagal 428r go hAirteagal 428af, nach mbíonn thar téarma ar feadh níos mó ná 90 lá agus a sanntar dóibh ualú priacail is mó ná 35 % i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal II de Chuid a Trí;

(d) táirgí a bhaineann le maoiniú trádála laistigh den chlár comhardaithe a bhfuil aibíocht iarmhair bliana nó níos mó acu;

(e) urrúis neamhualaithe a bhfuil aibíocht iarmhair bliana nó níos mó acu nach bhfuil ar mainneachtain i gcomhréir le hAirteagal 178 agus nach incháilithe mar shócmhainní leachtachta de bhun an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1);

(f) cothromais neamhualaithe arna dtrádáil ar na stocmhalartáin nach incháilithe mar shócmhainní leibhéal 2B de bhun an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1);

(g) tráchtearraí fisiciúla arna dtrádáil, lena n-áirítear ór ach gan díorthaigh tráchtearraí a áireamh;

(h) sócmhainní atá ualaithe le haghaidh aibíocht iarmhair aon bhliana amháin nó níos mó i gcomhthiomsú cumhdaigh a chistítear le bannaí faoi chumhdach dá dtagraítear in Airteagal 52(4) de Threoir 2009/65/CE nó le bannaí faoi chumhdach lena gcomhlíontar na ceanglais incháilitheachta don láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 129(4) nó (5) den Rialachán seo.

*Airteagal 428ah*

**Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 100 %**

1. Beidh na sócmhainní seo a leanas faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 100 %:

(a) mura sonraítear a mhalairt sa Chaibidil seo, aon sócmhainní ualaithe le haghaidh aibíocht iarmhair bliana nó níos mó;

(b) aon sócmhainní eile cé is moite díobh sin dá dtagraítear in Airteagal 428r go hAirteagal 428ag, lena n-áirítear iasachtaí do chustaiméirí airgeadais a bhfuil aibíocht chonarthach iarmhair bliana nó níos mó acu, risíochtaí neamhthuillmheacha, ítimí a asbhainfear as cistí dílse, sócmhainní seasta, cothromais nach cothromais arna dtrádáil ar na stocmhalartáin iad, leas coinnithe, sócmhainní árachais, urrúis ar mainneachtain.

2. Cuirfidh institiúidí fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 100 % i bhfeidhm ar an difríocht, más difríocht dhearfach, idir suim na luachanna córa thar gach tacar glanluachála a bhfuil luach cóir dearfach acu agus suim na luachanna córa thar gach tacar glanluachála a bhfuil luach cóir diúltach acu arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 428d.

Beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas maidir leis an ríomh dá dtagraítear sa chéad fhomhír:

▼M8

(a) bainfear an corrlach athrúcháin a gheobhaidh institiúidí óna gcontrapháirtithe ón luach cóir tacair glanluachála a bhfuil luach cóir deimhneach aige i gcás ina gcáileoidh an chomhthaobhacht a gheofar mar chorrlach athrúcháin mar shócmhainn leibhéal 1 de bhun an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1), cé is moite de bhannaí faoi chumhdach fíor-ardchaighdeáin a shonraítear sa ghníomh tarmligthe sin, agus i gcás ina bhfuil an teideal dlí agus an cumas oibríochtúil ag institiúidí an chomhthaobhacht sin a athúsáid;

(b) bainfear an corrlach uile athrúcháin a bhreacfaidh institiúidí lena gcontrapháirtithe ó luach cóir tacair glanluachála a bhfuil luach cóir diúltach aige.

CAIBIDIL 5

**Maolú i gcás institiúidí beaga agus neamhchasta**

*Airteagal 428ai*

**Maolú i gcás institiúidí beaga agus neamhchasta**

De mhaolú ar Chaibidil 3 agus Chaibidil 4, féadfaidh institiúidí beaga agus neamhchasta an rogha a dhéanamh, le cead roimh ré óna n-údarás inniúil, an cóimheas idir cistiúchán cobhsaí institiúide atá ar fáil dá dtagraítear i gCaibidil 6, agus cistiúchán cobhsaí ceangailteach na hinstitiúide dá dtagraítear i gCaibidil 7 a ríomh, arna shloinneadh mar chéatadán.

Féadfaidh údarás inniúil a cheangal ar institiúid bheag agus neamhchasta go gcomhlíonfaidh sí an ceanglas glanchistiúcháin chobhsaí atá bunaithe ar chistiúchán cobhsaí na hinstitiúide atá ar fáil dá dtagraítear i gCaibidil 3 agus cistiúchán cobhsaí ceangailteach na hinstitiúide dá dtagraítear i gCaibidil 4, i gcás ina measfaidh sé nach bhfuil an mhodheolaíocht shimplithe leordhóthanach chun priacail chistiúcháin na hinstitiúide sin a ghabháil.

*CAIBIDIL 6*

***Cistiúchán cobhsaí atá ar fáil chun an cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí simplithe a ríomh go simplí***

Roinn 1

**Forálacha ginearálta**

*Airteagal 428aj*

**Méid an chistiúcháin chobhsaí atá ar fáil a ríomh go simplí**

1. Mura sainítear a mhalairt sa Chaibidil seo, déanfar méid an chistiúcháin chobhsaí atá ar fáil a ríomh trí luach cuntasaíochta na gcatagóirí éagsúla nó na gcineálacha éagsúla dliteanas agus cistí dílse a iolrú faoi na fachtóirí cistiúcháin chobhsaí atá ar fáil agus atá le cur i bhfeidhm faoi Roinn 2. Is éard a bheidh i méid iomlán an chistiúcháin chobhsaí atá ar fáil suim mhéideanna ualaithe na ndliteanas agus na gcistí dílse.

▼M8

2. Bannaí agus urrúis fiachais eile a eisíonn an institiúid, a dhíoltar go heisiach sa mhargadh miondíola agus a shealbhaítear i gcuntas miondíola, féadfar iad a láimhseáil amhail is gur leis an gcatagóir iomchuí taisce miondíola iad. Cuirfear teorannú i bhfeidhm ionas nach bhféadfaidh páirtithe eile seachas custaiméirí miondíola na hionstraimí sin a cheannach ná a shealbhú.

*Airteagal 428ak*

**Aibíocht iarmhair dliteanais nó cistí dílse**

1. Mura sainítear a mhalairt sa Chaibidil seo, cuirfidh institiúidí aibíocht chonarthach iarmhair a ndliteanas agus a gcistí dílse san áireamh chun na fachtóirí cistiúcháin chobhsaí atá ar fáil agus atá le cur i bhfeidhm faoi Roinn 2 a chinneadh.

2. Cuirfidh institiúidí roghanna atá ann cheana féin san áireamh agus aibíocht iarmhair dliteanais nó cistí dílse á cinneadh. Déanfaidh siad é sin ar an tuiscint go ndéanfaidh an contrapháirtí céadroghanna ar cheannach a fhuascailt ar an dáta is luaithe is féidir. I gcás céadroghanna is infheidhmithe de rogha na hinstitiúide, cuirfidh an institiúid agus na húdaráis inniúla san áireamh fachtóirí a bhaineann le clú a d'fhéadfadh teorainn a chur le cumas institiúide gan an rogha a fheidhmiú, go háirithe ar ionchais an mhargaidh gur cheart d'institiúidí dliteanais áirithe a fhuascailt sula dtiocfaidh siad in aibíocht.

3. Déanfaidh institiúidí na taiscí sin a bhfuil tréimhsí seasta fógra ag gabháil leo a láimhseáil i gcomhréir lena dtréimhse fógra agus déanfaidh siad taiscí téarma a láimhseáil i gcomhréir lena n-aibíocht iarmhair. De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo, ní chuirfidh institiúidí san áireamh roghanna le haghaidh aistarraingtí luatha, i gcás ina mbeidh ar an taisceoir pionós ábhartha a íoc as aistarraingtí luatha a dhéantar sula mbeidh bliain amháin istigh, ar pionós é sin a leagtar síos sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1), chun aibíocht iarmhair taiscí miondíola téarma a chinneadh.

4. Chun na fachtóirí cistiúcháin chobhsaí atá ar fáil atá le cur i bhfeidhm faoi Roinn 2 a chinneadh, i gcás dliteanais a bhfuil aibíocht chonarthach iarmhair aon bhliana amháin nó níos mó acu, láimhseálfar aon sciar a thiocfaidh in aibíocht laistigh de shé mhí, agus aon chuid de dhliteanais den sórt sin a thiocfaidh in aibíocht idir sé mhí agus níos lú ná aon bhliain amháin, láimhseálfar iad mar dhliteanais a bhfuil aibíocht iarmhair acu níos lú ná sé mhí agus idir sé mhí agus níos lú ná aon bhliain amháin, faoi seach.

Roinn 2

**Fachtóirí cistiúcháin chobhsaí atá ar fáil**

*Airteagal 428al*

**Fachtóir 0 % den chistiú cobhsaí atá ar fáil**

1. Mura sonraítear a mhalairt sa Roinn seo, beidh na dliteanais ar fad nach bhfuil aibíocht luaite leo, lena n-áirítear suíomhanna gearra agus suíomhanna aibíochta oscailte, faoi réir fachtóir 0 % den chistiú cobhsaí atá ar fáil cé is moite de na cinn seo a leanas:

▼M8

(a) dliteanais chánach iarchurtha, a ndéanfar a láimhseáil de réir an dáta is gaire is féidir a bhféadfaí na dliteanais sin a réadú;

(b) leasanna mionlaigh, a ndéanfar a láimhseáil de réir théarma na hionstraime ábhartha.

2. Beidh dliteanais chánach iarchurtha agus leasanna mionlaigh dá dtagraítear i mír 1 faoi réir ceann amháin de na fachtóirí seo a leanas:

(a) 0 %, i gcás ina bhfuil aibíocht iarmhair ábhartha is lú ná aon bhliana amháin ag an dliteanas cánach iarchurtha nó ag na leasanna mionlaigh;

(b) 100 %, i gcás ina bhfuil aibíocht iarmhair ábhartha de bhliain amháin nó níos mó ag an dliteanas cánach iarchurtha nó ag na leasanna mionlaigh.

3. Beidh na dliteanais seo a leanas faoi réir fachtóir 0 % den chistiú cobhsaí atá ar fáil:

(a) dliteanais atá iníoctha ar an dáta trádála a eascróidh ó cheannach ionstraimí airgeadais, ó airgeadraí eachtracha agus ó thráchtearraí, a mheastar go socróidh siad laistigh den timthriall socraíochta caighdeánach nó laistigh den tréimhse is gnách le haghaidh malartú ábhartha nó don chineál idirbheart nó ar theip orthu socrú, ach a mheastar mar sin féin go socróidh siad;

(b) dliteanais a rangaítear mar dhliteanais atá idirspleách ar shócmhainní i gcomhréir le hAirteagal 428f;

(c) dliteanais a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná bliain amháin acu arna gcur ar fáil acu seo a leanas:

(i) an Banc Ceannais Eorpach (BCE) nó banc ceannais Ballstáit;

(ii) banc ceannais tríú tír;

(iii) custaiméirí airgeadais;

(d) aon dliteanais agus ítimí nó ionstraimí caipitil eile nach dtagraítear dóibh san Airteagal seo ná in Airteagail 428am go 428ap.

4. Cuirfidh institiúidí fachtóir 0 % den chistiú cobhsaí atá ar fáil i bhfeidhm ar luach absalóideach na difríochta, más diúltach é, idir méid na luachanna córa thar gach tacar glanluachála a bhfuil luach cóir deimhneach acu agus méid na luachanna córa thar gach tacar glanluachála a bhfuil luach cóir diúltach acu arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 428d.

Beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas maidir leis an ríomh dá dtagraítear sa chéad fhomhír:

(a) bainfear an corrlach athrúcháin a gheobhaidh institiúidí óna gcontrapháirtithe ón luach cóir tacair glanluachála a bhfuil luach cóir deimhneach aige i gcás ina gcáileoidh an chomhthaobhacht a gheofar mar chorrlach athrúcháin mar shócmhainn leibhéal 1 de bhun an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1), cé is moite de bhannaí faoi chumhdach fíor-ardchaighdeáin a shonraítear sa ghníomh tarmligthe sin, agus i gcás ina bhfuil an teideal dlí agus an cumas oibríochtúil ag institiúidí an chomhthaobhacht sin a athúsáid;

(b) bainfear an corrlach uile athrúcháin a bhreacfaidh institiúidí lena gcontrapháirtithe ó luach cóir tacair glanluachála a bhfuil luach cóir diúltach aige.

▼**M8**

*Airteagal 428am*

**Fachtóir 50 % den chistiú cobhsaí atá ar fáil**

Beidh na dliteanais seo a leanas faoi réir fachtóir 50 % den chistiú cobhsaí atá ar fáil:

(a) taiscí a fhaightear a chomhlíonann na critéir maidir le taiscí oibríochtúla a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1);

(b) dliteanais a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná bliain amháin acu arna gcur ar fáil acu seo a leanas:

(i) rialtas láir Ballstáit nó de thríú tír;

(ii) rialtais réigiúnacha nó údaráis áitiúla i mBallstát nó i dtríú tír;

(iii) eintitis earnála poiblí Ballstáit nó de thríú tír;

(iv) na bainc forbartha iltaobhacha dá dtagraítear in Airteagal 117(2) agus na heagraíochtaí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 118;

(v) custaiméirí corparáideacha neamhairgeadais;

(vi) comhair chreidmheasa atá údaraithe ag údarás inniúil, cuideachtaí infheistíochta phearsanta agus cliaint ar bróicéirí taisce iad, cé is moite de na taiscí a fhaightear, a chomhlíonann na critéir maidir le taiscí oibríochtúla a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1).

*Airteagal 428an*

**Fachtóir 90 % den chistiú cobhsaí atá ar fáil**

Beidh taiscí miondíola ar amharc, taiscí miondíola a bhfuil tréimhse sheasta fógra is lú ná aon bhliain amháin acu agus taiscí miondíola téarma a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná aon bhliain amháin acu agus a chomhlíonann na critéir ábhartha do thaiscí miondíola eile a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1) faoi réir fachtóir 90 % den chistiú cobhsaí atá ar fáil.

*Airteagal 428ao*

**Fachtóir 95 % den chistiú cobhsaí atá ar fáil**

Beidh taiscí miondíola ar amharc, taiscí miondíola a bhfuil tréimhse sheasta fógra is lú ná aon bhliain amháin acu agus taiscí miondíola téarma a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná aon bhliain amháin acu agus a chomhlíonann na critéir ábhartha do thaiscí miondíola cobhsaí a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1) faoi réir fachtóir 95 % den chistiú cobhsaí atá ar fáil.

*Airteagal 428ap*

**Fachtóir 100 % den chistiú cobhsaí atá ar fáil**

Beidh na dliteanais chomh maith leis na hítimí caipitil agus na hionstraimí caipitil seo a leanas faoi réir fachtóir 100 % den chistiú cobhsaí atá ar fáil:

(a) ítimí de Ghnáthchothromas Leibhéal 1 na hinstitiúide sula ndéanfar na coigeartuithe is gá de bhun Airteagal 32 go hAirteagal 35, sula ndéanfar na hasbhaintí de bhun Airteagal 36 agus sula gcuirfear i bhfeidhm na díolúintí agus na roghanna a leagtar síos in Airteagal 48, in Airteagal 49 agus in Airteagal 79;

▼M8

(b) ítimí Breise Leibhéal 1 na hinstitiúide sula ndéantar na hítimí dá dtagraítear in Airteagal 56 a asbhaint agus sula gcuirtear Airteagal 79 i bhfeidhm ina leith, seachas aon ionstraimí a bhfuil roghanna follasacha nó roghanna leabaithe acu a laghdódh an aibíocht iarmhair iarbhír, dá bhfeidhmeofaí iad, go níos lú ná bliain amháin;

(c) ítimí Leibhéal 2 na hinstitiúide sula ndéanfar na hasbhaintí dá dtagraítear in Airteagal 66 agus sula gcuirfear Airteagal 79 i bhfeidhm, a bhfuil aibíocht iarmhair bliain amháin nó níos mó acu, seachas aon ionstraimí a bhfuil roghanna follasacha nó roghanna leabaithe acu a laghdódh an aibíocht iarmhair iarbhír, dá bhfeidhmeofaí iad, go níos lú ná bliain amháin;

(d) aon ionstraimí caipitil eile de chuid na hinstitiúide a bhfuil aibíocht iarmhair bliain amháin nó níos mó acu, seachas aon ionstraimí a bhfuil roghanna follasacha nó roghanna leabaithe acu a laghdódh an aibíocht iarmhair iarbhír, dá bhfeidhmeofaí iad, go níos lú ná bliain amháin;

(e) aon iasachtaí nó dliteanais urraithe agus neamhurraithe eile a bhfuil aibíocht iarmhair bliain amháin nó níos mó acu, lena n-áirítear taiscí téarma, mura sonraítear a mhalairt in Airteagal 428al go hAirteagal 428ao.

*CAIBIDIL 7*

***Cistiú cobhsaí ceangailteach chun an cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí a ríomh go simplí***

Roinn 1

**Forálacha ginearálta**

*Airteagal 428aq*

**Méid an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh a ríomh go simplí**

1. Mura sonraítear a mhalairt sa Chaibidil seo, ríomhfar méid an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh le haghaidh institiúidí beaga agus neamhchasta trí luach cuntasaíochta na gcatagóirí nó na gcineálacha éagsúla sócmhainní agus ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe a iolrú faoi na fachtóirí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh a bheidh le cur i bhfeidhm i gcomhréir le Roinn 2. Is éard a bheidh i méid iomlán an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh suim mhéideanna ualaithe na ndliteanas agus na n-ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe.

2 Eisiafar sócmhainní atá faighte ar iasacht ag institiúidí, lena n-áirítear in idirbhearta um maoiniú urrús, a chuirtear san áireamh ina gclár comhardaithe agus nach bhfuil úinéireacht thairbhiúil acu orthu, eisiafar iad ó ríomh mhéid an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh.

Eisiafar sócmhainní atá faighte ar iasacht ag institiúidí, lena n-áirítear in idirbhearta um maoiniú urrús, nach gcuirtear san áireamh ina gclár comhardaithe ach a bhfuil úinéireacht thairbhiúil acu orthu, beidh siad faoi réir na bhfachtóirí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh a bheidh le cur i bhfeidhm faoi Roinn 2.

▼M8

3. Sócmhainní atá tugtha ag institiúidí ar iasacht, lena n-áirítear in idirbhearta um maoiniú urrús a gcoimeádann siad úinéireacht thairbhiúil orthu, fiú mura bhfanann siad ar a gclár comhardaithe, measfar gur sócmhainní ualaithe chun críocha na Caibidle seo iad agus beidh siad faoi réir na bhfachtóirí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh a bheidh le cur i bhfeidhm faoi Roinn 2. Seachas sin, eisiafar na sócmhainní sin ó ríomh mhéid an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh.

4. I gcás sócmhainní atá ualaithe le haghaidh aibíocht iarmhair sé mhí nó níos faide, sannfar an fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh a bheadh le cur i bhfeidhm faoi Roinn 2 ar na sócmhainní sin ach iad a bheith á sealbhú go neamhualaithe, nó sannfar an fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh is infheidhme i ngach cás eile maidir leis na sócmhainní ualaithe sin, cibé fachtóir is airde. Beidh an méid sin infheidhme freisin i gcás ina mbeidh aibíocht iarmhair na sócmhainní atá ualaithe níos giorra ná aibíocht iarmhair an idirbhirt is údar leis an ualú.

Sócmhainní a bhfuil níos lú ná sé mhí fágtha acu de thréimhse ualaithe, beidh siad faoi réir na bhfachtóirí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh atá le cur i bhfeidhm faoi Roinn 2 ar na sócmhainní céanna má sealbhaíodh iad go neamhualaithe.

5. I gcás ina n-athúsáidfidh institiúid sócmhainn a fhaightear ar iasacht, lena n-áirítear idirbhearta um maoiniú urrús, agus a chuirtear san áireamh lasmuigh den chlár comhardaithe, nó i gcás ina n-athchuirfidh sí an tsócmhainn sin i ngeall, déanfar an t-idirbheart trína bhfuarthas an tsócmhainn sin ar iasacht a láimhseáil mar idirbheart ualaithe a mhéid nach bhféadfaidh an t-idirbheart teacht in aibíocht mura ndéanfaidh an institiúid an sócmhainn a fuarthas ar iasacht a thabhairt ar ais.

6. Measfar gur sócmhainní neamhualaithe na sócmhainní seo a leanas:

(a) sócmhainní a áirítear i gcomhthiomsú agus atá ar fáil lena n-úsáid láithreach mar chomhthaobhacht chun cistiú breise a fháil faoi línte creidmheasa geallta nó, i gcás ina bhfuil an comhthiomsú á fheidhmiú ag banc ceannais, faoi línte creidmheasa nach bhfuil geallta agus atá ar fáil don institiúid ach nach bhfuil cistithe go fóill, lena n-áirítear sócmhainní arna láithriú ag institiúid creidmheasa le hinstitiúid lárnach i líonra comharchumann nó i scéim cosanta institiúideach;;

(b) sócmhainní atá faighte ag an institiúid mar chomhthaobhacht ar mhaithe le maolú priacail creidmheasa in idirbhearta iasachta urraithe, idirbhearta maoiniúcháin urraithe nó idirbhearta malartaithe comhthaobhachta agus a fhéadfaidh an institiúid a dhiúscairt;

(c) sócmhainní atá ceangailte mar rósholáthar urrúis chomhthaobhaigh neamhéigeantach le heisiúint bannaí faoi chumhdach.

Chun críocha phointe (a) den chéad fhomhír den mhír seo, toimhdeoidh institiúidí go mbeidh na sócmhainní sa chomhthiomsú ualaithe in ord méadaitheach a leachtachta bunaithe ar an aicmiú leachtachta a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1), ag tosú le sócmhainní nach incháilithe le haghaidh an mhaoláin leachtachta.

▼M8

7. I gcás oibríochtaí neamhchaighdeánacha sealadacha arna gcur i gcrích ag BCE nó ag banc ceannais Ballstáit nó ag banc ceannais tríú tír chun a shainordú a chomhlíonadh i dtréimhse struis airgeadais ar fud an mhargaidh nó i gcúinsí eisceachtúla maicreacnamaíocha, féadfaidh na sócmhainní seo a leanas fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh atá laghdaithe a fháil:

(a) sócmhainní atá ualaithe do na hoibríochtaí dá dtagraítear san fhomhír seo, de mhaolú ar Airteagal 428aw agus ar phointe (a) d'Airteagal 428az(1);

(b) airgead a thiocfaidh as na hoibríochtaí dá dtagraítear san fhomhír seo, de mhaolú ar Airteagal 428aw agus ar phointe (b) d'Airteagal 428ay.

Cinnfidh na húdaráis inniúla, i gcomhaontú leis an mbanc ceannais arb é contrapháirtí an idirbhirt é, an fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh a bheidh le cur i bhfeidhm ar na sócmhainní dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) den chéad fhomhír. I gcás sócmhainní ualaithe dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír, ní bheidh an fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh, atá le cur i bhfeidhm, níos lú ná an fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh a mbeadh feidhm aige, faoi Roinn 2, maidir leis na sócmhainní sin dá mbeidís á sealbhú go neamhualaithe.

Agus fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh atá laghdaithe á chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an dara fomhír, déanfaidh na húdaráis inniúla faireachán géar ar an tionchar a bheidh ag an bhfachtóir laghdaithe sin ar shuíomhanna cistiúcháin chobhsaí de chuid institiúidí agus déanfaidh siad bearta maoirseachta iomchuí i gcás inar gá.

8. I dtaca le hinstitiúidí sócmhainní a bhaineann le comhthaobhacht a aithnítear mar chorrlach athrúcháin arna bhreacadh i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 428k(4) agus Airteagal 428ah(2) nó mar chorrlach tosaigh arna bhreacadh nó mar ranníocaíocht le ciste mainneachtana an chontrapháirtí lárnaigh i gcomhréir le pointe (a) agus le pointe (b) d'Airteagal 428ag, eisiafaidh siad na sócmhainní sin ó chodanna eile de ríomh mhéid an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh i gcomhréir leis an gCaibidil seo chun aon chomhaireamh dúbailte a sheachaint.

9. Áireoidh institiúidí sa ríomh a dhéanfaidh siad ar mhéid an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh ionstraimí airgeadais, airgeadraí iasachta agus tráchtearraí a ndearnadh ordú ceannaigh ina leith. Eisiafaidh siad ó ríomh mhéid an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh ionstraimí airgeadais, airgeadraí iasachta agus tráchtearraí a ndearnadh ordú ceannaigh ina leith, ar choinníoll nach léireofar na hidirbhearta sin mar dhíorthaigh nó mar idirbhearta cistithe urraithe ar chlár comhardaithe na hinstitiúide agus go léireofar na hidirbhearta sin ar chlár comhardaithe na hinstitiúide nuair a bheidh siad socraithe.

10. Féadfaidh údaráis inniúla na fachtóirí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh a chinneadh le cur i bhfeidhm ar risíochtaí lasmuigh den chlár comhardaithe nach dtagraítear dóibh sa Chaibidil seo lena áirithiú go gcoinneoidh institiúidí méid iomchuí an chistiúcháin chobhsaí ar fáil don sciar de na risíochtaí sin a meastar ina leith go mbeidh cistiú de dhíth orthu thar thréimhse ionchasach bliana an chóimheasa glanchistiúcháin chobhsaí. Chun na fachtóirí sin a chinneadh, cuirfidh údaráis inniúla san áireamh, go háirithe, damáiste ábhartha do chlú na hinstitiúide a d'fhéadfadh tarlú i gcás nach gcuirfí an cistiú sin ar fáil.

▼M8

Cuirfidh na húdaráis inniúla tuairisc chuig ÚBE ar bhonn bliantúil ar a laghad maidir leis na cineálacha risíochtaí lasmuigh den chlár comhardaithe a bhfuil na fachtóirí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh cinntithe acu ina leith. Áireoidh siad sa tuairisc sin míniú ar an modheolaíocht arna cur i bhfeidhm chun na fachtóirí sin a chinneadh.

*Airteagal 428ar*

**Aibíocht iarmhair sócmhainne**

1. Mura sonraítear a mhalairt sa Chaibidil seo, cuirfidh institiúidí san áireamh aibíocht chonarthach iarmhair a sócmhainní agus a n-idirbheart lasmuigh den chlár comhardaithe chun na fachtóirí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh atá le cur i bhfeidhm ar a sócmhainní agus ar a n-ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe faoi Roinn 2 a chinneadh.

2. Déanfaidh institiúidí sócmhainní arna leithscaradh i gcomhréir le hAirteagal 11(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a láimhseáil i gcomhréir le risíocht fholuiteach na sócmhainní sin. Ina ainneoin sin, cuirfidh institiúidí na sócmhainní sin faoi réir fachtóirí níos airde cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh, ag brath ar an téarma ualaithe atá le cinneadh ag na húdaráis inniúla agus déanfaidh na húdaráis sin a mheas an féidir le hinstitiúid na sócmhainní sin a dhiúscairt nó a mhalartú gan srian agus breithneoidh siad téarma na ndliteanas i leith chliaint na n-institiúidí lena mbaineann an ceanglas sin maidir le leith-scaradh.

3. Cuirfidh institiúidí céadroghanna san áireamh, agus aibíocht iarmhair sócmhainne á ríomh acu, bunaithe ar an toimhde go bhfeidhmeoidh an t-eisitheoir nó an contrapháirtí aon chéadrogha chun síneadh a chur le haibíocht sócmhainne. Maidir le céadroghanna is infheidhmithe de rogha na hinstitiúide, cuirfidh an institiúid agus na húdaráis inniúla san áireamh fachtóirí clú a d'fhéadfadh teorainn a chur le cumas na hinstitiúide gan an chéadrogha a fheidhmiú, go háirithe ionchais na margaí agus na gcliant gur cheart don institiúid síneadh a chur le haibíocht sócmhainní áirithe nuair a bheidh a ndáta aibíochta istigh.

4. D'fhonn na fachtóirí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh a chinneadh a chuirfear i bhfeidhm de réir Roinn 2, maidir le hiasachtaí amúchta a bhfuil aibíocht chonarthach iarmhair bliana nó níos mó acu, déanfar na sciaranna a thagann in aibíocht laistigh de thréimhse is giorra ná sé mhí nó tréimhse idir sé mhí agus níos lú ná bliain amháin a láimhseáil mar sciar a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná sé mhí aige nó idir sé mhí agus níos lú ná bliain amháin aige faoi seach.

Roinn 2

**Fachtóirí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh**

*Airteagal 428as*

**Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 0 %**

1. Beidh na sócmhainní seo a leanas faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 0 %:

(a) sócmhainní neamhualaithe is incháilithe mar shócmhainní leachtacha ardchaighdeáin leibhéal 1 de bhun an ghnímh tarm-ligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1), cé is moite de bhannaí faoi chumhdach fíor-ardchaighdeáin a shonraítear sa ghníomh tarm-ligthe sin, bíodh na ceanglais oibriúcháin mar a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe sin á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh;

▼M8

(b) cúlchistí uile na hinstitiúide, arna sealbhú sa Bhanc Ceannais Eorpach nó i mbanc ceannais Ballstáit nó i mbanc ceannais tríú tír, lena n-áirítear cúlchistí ceangailteacha agus cúlchistí barrachais;

(c) gach éileamh ar an mBanc Ceannais Eorpach, ar bhanc ceannais Ballstáit nó ar bhanc ceannais tríú tír, ag a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná sé mhí;

(d) sócmhainní atá rangaithe mar shócmhainní idirspleácha a bhfuil dliteanais acu i gcomhréir le hAirteagal 428f.

2. De mhaolú ar phointe (b) de mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla, le comhaontú an bhainc ceannais ábhartha, cinneadh a dhéanamh maidir le fachtóir níos airde cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh a chur i bhfeidhm ar chúlchistí atá de dhíth, go háirithe nuair a chuirtear san áireamh a mhéid a bhíonn ceanglais chúlchistí ann le linn tréimhse ionchasach bliana agus go mbíonn cistiú cobhsaí gaolmhar de dhíth orthu dá bharr.

Maidir le fochuideachtaí a bhfuil a gceannoifig acu i dtríú tír, i gcás ina bhfuil cúlchistí ceangailteacha an bhainc ceannais faoi réir fachtóir níos airde cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh faoin gceanglas glanchistiúcháin chobhsaí a leagtar amach i ndlí náisiúnta an tríú tír sin lena leagtar amach, cuirfear an fachtóir níos airde cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh sin san áireamh chun críche comhdhlúthúcháin.

*Airteagal 428at*

**Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 5 %**

1. An chuid neamhtharraingthe de na saoráidí tiomanta creidmheasa agus leachtachta a shonraítear sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1), beidh sí faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 5 %.

2. Maidir le tacair ghlanluachála uile na gconarthaí díorthacha, cuirfidh institiúidí fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 5 % i bhfeidhm ar luach cóir absalóideach thacair ghlanluachála na gconarthaí díorthacha sin, an chomhthaobhacht a bhreactar san áireamh, i gcás ina bhfuil luach cóir diúltach ag na tacair ghlanluachála sin. Chun críocha na míre seo, cinnfidh institiúidí an luach cóir mar ollfhoirmiú aon chomhthaobhacht a bhreactar nó socraíochta nó íocaíochtaí agus fáltais a bhaineann le luacháil ar an margadh athruithe ar na conarthaí sin.

*Airteagal 428au*

**Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 10 %**

Beidh na sócmhainní agus na hítimí lasmuigh den chlár comhardaithe seo a leanas faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 10 %:

(a) sócmhainní neamhualaithe is incháilithe mar bhannaí faoi chumhdach fíor-ardchaighdeáin leibhéal 1 de bhun an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1), bíodh na ceanglais oibriúcháin agus na ceanglais maidir le comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta mar a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe sin á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh;

(b) táirgí a bhaineann le maoiniú trádála lasmuigh den chlár comhardaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I.

▼M8

*Airteagal 428av*

**Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 20 %**

Beidh sócmhainní neamhualaithe is incháilithe mar shócmhainní leibhéal 2A de bhun an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1), agus scaireanna nó aonaid neamhualaithe in GCanna de bhun an ghnímh tharmligthe sin, faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 20 %, bíodh na ceanglais oibriúcháin agus na ceanglais maidir le comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta mar a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe sin á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh.

*Airteagal 428aw*

**Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 50 %**

Beidh na sócmhainní seo a leanas faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 50 %:

(a) iasachtaí urraithe agus neamhurraithe a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná bliain amháin acu agus ar choinníoll go mbeidh siad neamhualaithe ar feadh tréimhse is lú ná aon bhliain amháin;

(b) aon sócmhainní eile a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná bliain amháin acu, mura sonraítear a mhalairt in Airteagal 428as go hAirteagal 428av.

(c) sócmhainní arna n-ualú le haghaidh aibíochta iarmharach sé mhí ar a laghad ach níos lú ná bliain amháin, ach amháin i gcás ina sannfaí fachtóir cistiúcháin cobhsaí níos airde do na sócmhainní sin i gcomhréir le hAirteagail 428ax, 428ay agus 428az dá mbeadh siad á sealbhú go neamhualaithe, agus sa chás sin go beidh feidhm ag an bhfachtóir cistiúcháin cobhsaí níos airde a mbeadh feidhm aige maidir leis na sócmhainní sin dá mbeadh siad á sealbhú go neamhualaithe.

*Airteagal 428ax*

**Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 55 %**

Beidh sócmhainní neamhualaithe is incháilithe mar shócmhainní leibhéal 2B de bhun an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1), agus scaireanna nó aonaid neamhualaithe in GCanna de bhun an ghnímh tharmligthe sin, faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 55 %, bíodh na ceanglais oibriúcháin agus na ceanglais maidir le comhdhéanamh an mhaoláin leachtachta mar a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe sin á gcomhlíonadh acu nó ná bíodh, ar choinníoll go mbeidh siad neamhualaithe ar feadh tréimhse is lú ná aon bhliain amháin.

*Airteagal 428ay*

**Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 85 %**

Beidh na sócmhainní agus na hítimí lasmuigh den chlár comhardaithe seo a leanas faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 85 %:

▼M8

(a) aon sócmhainní agus ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe lena n-áirítear airgead tirim, a bhreactar mar chorrlach tosaigh le haghaidh conarthaí díorthach nó a bhreactar mar ranníocaíocht le ciste mainneachtana an chontrapháirtí lárnaigh, ach amháin i gcás ina sannfaí dóibh fachtóir níos airde cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh i gcomhréir le hAirteagal 428az ach iad a bheith á sealbhú go neamhualaithe agus, sa chás sin, déanfar an fachtóir níos airde cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh, a mbeadh infheidhme maidir leis na sócmhainní sin ach iad a bheith á sealbhú go neamhualaithe, a chur i bhfeidhm;

(b) iasachtaí neamhualaithe a bhfuil aibíocht iarmhair bliana nó níos mó acu, cé is moite d'iasachtaí do chustaiméirí airgeadais, nach mbíonn thar téarma ar feadh tréimhse is mó ná 90 lá;

(c) táirgí a bhaineann le maoiniú trádála laistigh den chlár comhardaithe a bhfuil aibíocht iarmhair bliana nó níos mó acu;

(d) urrúis neamhualaithe a bhfuil aibíocht iarmhair bliana nó níos mó acu nach bhfuil ar mainneachtain i gcomhréir le hAirteagal 178 agus nach incháilithe mar shócmhainní leachtachta de bhun an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1);

(e) cothromais neamhualaithe arna dtrádáil ar na stocmhalartáin nach incháilithe mar shócmhainní leibhéal 2B de bhun an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1);

(f) tráchtearraí fisiciúla arna dtrádáil, lena n-áirítear ór ach gan díorthaigh tráchtearraí a áireamh.

*Airteagal 428az*

**Fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 100 %**

1. Beidh na sócmhainní seo a leanas faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 100 %:

(a) aon sócmhainní ualaithe le haghaidh aibíocht iarmhair bliana nó níos mó;

(b) aon sócmhainní eile cé is moite díobh sin dá dtagraítear in Airteagal 428as go hAirteagal 428ay, lena n-áirítear iasachtaí do chustaiméirí airgeadais a bhfuil aibíocht chonarthach iarmhair bliana nó níos mó acu, risíochtaí neamhthuillmheacha, ítimí a asbhainfear as cistí dílse, sócmhainní seasta, cothromais nach cothromais arna dtrádáil ar na stocmhalartáin iad, leas coinnithe, sócmhainní árachais, urrúis ar mainneachtain.

2. Cuirfidh institiúidí fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 100 % i bhfeidhm ar an difríocht, más difríocht dhearfach, idir suim na luachanna córa feadh gach tacar glanluachála a bhfuil luach cóir dearfach acu agus suim na luachanna córa feadh gach tacar glanluachála a bhfuil luach cóir diúltach acu arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 428d.

Beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas maidir leis an ríomh dá dtagraítear sa chéad fhomhír:

▼M8

(a) bainfear an corrlach athrúcháin a gheobhaidh institiúidí óna gcontrapháirtithe ón luach cóir tacair glanluachála a bhfuil luach cóir deimhneach aige i gcás ina gcáileoidh an chomhthaobhacht a gheofar mar chorrlach athrúcháin mar shócmhainn leibhéal 1 de bhun an ghnímh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1), cé is moite de bhannaí faoi chumhdach fíor-ardchaighdeáin a shonraítear sa ghníomh tarmligthe sin, agus i gcás ina bhfuil an teideal dlí agus an cumas oibríochtúil ag institiúidí an chomhthaobhacht sin a athúsáid;

(b) bainfear an corrlach uile athrúcháin a bhreacfaidh institiúidí dá gcontrapháirtithe as luach cóir tacair glanluachála a bhfuil luach cóir diúltach aige.

CUID A SEACHT

**LUAMHÁNÚ**

*Airteagal 429*

**An cóimheas luamhánaithe a ríomh**

1. Ríomhfaidh institiúidí a gcóimheas luamhánaithe i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach i mír 2, 3 agus 4.

2. Ríomhfar an cóimheas luamhánaithe mar thomhas caipitil institiúide arna roinnt faoi thomhas risíochta iomláine na hinstitiúide sin agus sloinnfear é mar chéatadán.

Ríomhfaidh institiúidí an cóimheas luamhánaithe ag an dáta tuairiscithe tagartha.

3. Chun críocha mhír 2, beidh an tomhas caipitil cothrom le caipiteal Leibhéal 1.

4. Chun críocha mhír 2, beidh tomhas na risíochta iomláine cothrom le suim luachanna risíochta na nithe seo a leanas:

(a) sócmhainní, cé is moite de na conarthaí díorthacha a liostaítear in Iarscríbhinn II, díorthaigh chreidmheasa agus na suíomhanna dá dtagraítear in Airteagal 429e, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429b(1);

(b) conarthaí díorthacha a liostaítear in Iarscríbhinn II agus díorthaigh chreidmheasa, lena n-áirítear na conarthaí agus na díorthaigh chreidmheasa sin atá lasmuigh den chlár comhardaithe, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429c agus le hAirteagal 429d;

(c) forlíontáin le haghaidh priacal creidmheasa contrapháirtí na n-idirbheart um maoiniú urrús, lena n-áirítear iad siúd atá lasmuigh den chlár comhardaithe, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429e;

(d) ítimí atá lasmuigh den chlár comhardaithe, cé is moite de na conarthaí díorthacha a liostaítear in Iarscríbhinn II, díorthaigh chreidmheasa, idirbhearta um maoiniú urrús agus suíomhanna dá dtagraítear in Airteagal 429d agus 429g, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429f;

(e) gnáthcheannach nó gnáthdhíolachán atá fós le socrú, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 429g.

Déanfaidh institiúidí idirbhearta socraíochta iarchurtha a láimhseáil i gcomhréir le pointe (a) go pointe (d) den chéad fhomhír, de réir mar is infheidhme.

▼M8

Féadfaidh institiúidí na luachanna risíochta dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (d) den chéad fhomhír a laghdú faoi mhéid comhfhreagrach na gcoigeartuithe ginearálta priacail creidmheasa ar ítimí atá ar an gclár comhardaithe nó lasmuigh de, faoi seach, faoi réir íostairseach 0 i gcás ina ndearnadh caipiteal Leibhéal 1 a laghdú mar thoradh ar na coigeartuithe priacail creidmheasa.

5. De mhaolú ar phointe (d) de mhír 4, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

▼C7

(a) beidh ítim lasmuigh den chlár comhardaithe i gcomhréir le pointe (d) de mhír 4 a dhéantar a láimhseáil mar dhíorthach i gcomhréir leis an gcreat cuntasaíochta is infheidhme, beidh sí faoi réir na láimhseála a leagtar amach i bpointe (b) den mhír sin;

▼M8

(b) i gcás ina ndéanfaidh cliant institiúide, ag gníomhú dó mar chomhalta imréitigh, idirbheart go díreach le contrapháirtí lárnach agus ina ráthóidh an institiúid feidhmíocht risíochtaí trádála a cliaint ar an gcontrapháirtí lárnach a thagann as an idirbheart sin, ríomhfaidh an institiúid a risíocht ar toradh ar an ráthaíocht í i gcomhréir le pointe (b) de mhír 4, amhail agus go ndearna an institiúid an t-idirbheart go díreach leis an gcliant, lena n-áirítear maidir le corrlach athrúcháin in airgead tirim a fháil nó a sholáthar.

Beidh feidhm ag an láimhseáil a leagtar amach i bpointe (b) den chéad fhomhír maidir le hinstitiúid atá ag gníomhú mar chliant ardleibhéil a ráthaíonn feidhmíocht risíochtaí trádála a cliaint.

Chun críocha phointe (b) den chéad fhomhír agus chun críocha an dara fomhír den mhír seo, ní fhéadfaidh institiúidí a mheas gur cliant é an t-eintiteas cleamhnaithe ach amháin i gcás ina bhfuil an t-eintiteas lasmuigh de scóip rialála maidir le comhdhlúthú ar an leibhéal ag a gcuirtear i bhfeidhm an ceanglas a leagtar amach i bpointe (d) d'Airteagal 92(3).

6. Chun críocha phointe (d) de mhír 4 den Airteagal seo agus d'Airteagal 429g, ciallaíonn “gnáthcheannach nó gnáthdhíolachán” ceannach nó díolachán urrúis de réir conarthaí a n-éilíonn na téarmaí a ghabhann leo go ndéanfar an t-urrús a sheachadadh laistigh den tréimhse ama arna bhunú go ginearálta le dlí nó le gnás sa mhargadh lena mbaineann.

7. Mura bhforáiltear a mhalairt go sainráite sa Chuid seo, ríomhfaidh na hinstitiúidí tomhas na risíochta iomláine i gcomhréir leis na prionsabail seo a leanas:

(a) ní úsáidfear comhthaobhacht fhisiceach ná airgeadais, ráthaíochtaí ná maolú priacail creidmheasa ceannaithe chun tomhas na risíochta iomláine a laghdú;

(b) ní dhéanfar sócmhainní a ghlanluacháil le dliteanais.

8. De mhaolú ar phointe (b) de mhír 7, féadfaidh institiúidí luach risíochta iasachta réamh-mhaoiniúcháin nó iasachta idirmheánaí a laghdú le hiarmhéid dearfach chuntas coigiltis an fhéichiúnaí dá deonaíodh an iasacht agus gan ach an méid a thiocfaidh as sin a áireamh i dtomhas iomlán na risíochta, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) le go ndeonófar an iasacht, caithfear cuntas coigiltis a oscailt san institiúid a dheonóidh an iasacht agus is faoin dlí earnálach céanna a dhéanfar an iasacht agus an cuntas coigiltis a rialú;

▼M8

(b) ní fhéadfaidh an féichiúnaí iarmhéid an chuntais coigiltis a aistarraingt, go páirteach ná go hiomlán, le linn shaol iomlán na hiasachta;

(c) féadfaidh an institiúid leas a bhaint, go neamhchoinníollach agus go neamh-inchúlghairthe, as iarmhéid an chuntais coigiltis chun éileamh ar bith a chuimsítear faoin gcomhaontú iasachta a shocrú i gcásanna a rialaítear faoin dlí earnálach dá dtagraítear i bpointe (a), lena n-áirítear i gcás nach n-íocann an féichiúnaí nó i gcás dhócmhainneacht an fhéichiúnaí.

Ciallaíonn “Iasacht réamh-mhaoiniúcháin” nó “iasacht idirmheánach” iasacht a dheonaítear don iasachtaí ar feadh tréimhse theoranta ama chun bearna maoiniúcháin an iasachtaí a líonadh go dtí go ndeonaítear an iasacht deiridh i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos sa dlí earnálach lena rialaítear na hidirbhearta sin.

*Airteagal 429a*

**Risíochtaí a eisiatar ón tomhas risíochta iomlán**

1. De mhaolú ar Airteagal 429(4), féadfaidh institiúid aon cheann de na risíochtaí seo a leanas a eisiamh óna tomhas risíochta iomlán:

(a) na méideanna a asbhaintear as ítimí de Ghnáthchothromas Leibhéal 1 i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 36(1);

(b) na sócmhainní a asbhaintear sa ríomh a dhéantar ar an tomhas caipitil dá dtagraítear in Airteagal 429(3);

(c) risíochtaí dá sanntar ualú priacail 0 % i gcomhréir le hAirteagal 113(6) nó (7);

▼C7

(d) i gcás inar institiúid creidmheasa forbartha poiblí an institiúid, na risíochtaí a thagann as na sócmhainní ar éilimh ar rialtais láir, ar rialtais réigiúnacha, ar údaráis áitiúla nó ar eintitis earnála poiblí iad i dtaobh infheistíochtaí san earnáil phoiblí, agus iasachtaí cur chun cinn;

▼M8

(e) i gcás nach institiúid creidmheasa forbartha poiblí an institiúid, na codanna sin de risíochtaí a thagann as iasachtaí cur chun cinn a aistriú chuig institiúidí creidmheasa eile;

(f) codanna ráthaithe de risíochtaí a thagann as chreidmheasanna onnmhairiúcháin a chomhlíonann an dá choinníoll seo a leanas araon:

(i) soláthraí incháilithe cosaint neamhchistithe chreidmheasa a sholáthraíonn an ráthaíocht i gcomhréir le hAirteagal 201 agus le hAirteagal 202, lena n-áirítear gníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin nó rialtais láir;

(ii) baineann ualú priacail 0 % leis an gcuid ráthaithe den risíocht i gcomhréir le hAirteagal 114(2) nó (4) nó Airteagal 116(4);

(g) i gcás inar comhalta imréitigh de chontrapháirtí lárnach cáilitheach an institiúid, risíochtaí trádála na hinstitiúide sin, ar choinníoll go ndéanfar iad a imréiteach leis an gcontrapháirtí lárnach cáilitheach sin agus go gcomhlíonfaidh siad na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (c) d'Airteagal 306(1);

▼**M8**

(h) i gcás inar cliant ardleibhéil laistigh de struchtúr cliant il-leibhéil an institiúid, na risíochtaí trádála ar an gcomhalta imréitigh nó ar eintiteas a fhónann mar chliant ardleibhéil don institiúid sin, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 305(2) agus ar choinníoll nach mbeidh sé d'oibleagáid ar an institiúid a cliant a aisíoc as aon chaillteanas a bhainfear dó i gcás mainneachtain ar thaobh an chomhalta imréitigh nó an chontrapháirtí lárnaigh cháilithigh;

(i) sócmhainní muiníneacha a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas uile:

(i) aithnítear iad ar chlár comhardaithe na hinstitiúide de réir na bprionsabal cuntasaíochta náisiúnta a bhfuil glacadh leo go ginearálta, i gcomhréir le hAirteagal 10 de Threoir 86/635/CEE;

(ii) comhlíonann siad na critéir don neamhaitheantas a leagtar amach i gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) 9, mar a chuirtear i bhfeidhm i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1606/2002;

(iii) comhlíonann siad na critéir le haghaidh aithint a leagtar amach in IFRS 10, mar a chuirtear i bhfeidhm i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1606/2002, i gcás inarb infheidhme;

(j) risíochtaí a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas uile:

(i) is risíochtaí ar eintiteas earnála poiblí iad;

(ii) déantar iad a láimhseáil i gcomhréir le hAirteagal 116(4);

(iii) eascraíonn siad ó thaiscí a bhfuil sé d'oibleagáid ar an institiúid ó thaobh an dlí de a aistriú chuig an eintiteas earnála poiblí dá dtagraítear i bpointe (i) ar mhaithe le hinfheistíochtaí ar son an leasa choitinn a mhaoiniú;

(k) níor tugadh amach ar iasacht an chomhthaobhacht bharrachais a taisceadh le gníomhairí trípháirteacha;

(l) an tsócmhainn infhaighte, i gcás ina n-aithníonn institiúid faoin gcreat cuntasaíochta is infheidhme an corrlach athrúcháin a íoctar in airgead tirim lena contrapháirtí, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (a) go pointe (e) d'Airteagal 429c(3);

(m) na risíochtaí urrúsaithe ó urrúsuithe traidisiúnta a chomhlíonann na coinníollacha maidir haistriú priacail shuntasaigh a leagtar amach in Airteagal 244(2);

▼**M11**

(n) na risíochtaí seo a leanas ar bhanc ceannais na hinstitiúide, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i míreanna 5 agus 6:

▼**M8**

(i) boinn agus nótaí bainc ar airgeadra dlíthiúil iad i ndlínse an bhainc ceannais;

(ii) sócmhainní in ionannas le héilimh ar an mbanc ceannais, lena n-áirítear cúlchistí arna sealbhú ag an mbanc ceannais;

(o) i gcás ina n-údaraítear sin don institiúid i gcomhréir le hAirteagal 16 agus le pointe (a) d'Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, risíochtaí na hinstitiúide de dheasca seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta a liostaítear i bpointe (a) de Roinn C den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin agus a bhfuil baint dhíreach acu leis na seirbhísí lárnacha nó leis na seirbhísí coimhdeacha a liostaítear i Roinn A agus i Roinn B den Iarscríbhinn sin;

▼M8

(p) i gcás ina n-ainmnítear an institiúid i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014, risíochtaí na hinstitiúide de dheasca seirbhísí coimhdeacha de chineál baincéireachta a liostaítear i bpointe (a) de Roinn C den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin agus a bhfuil baint dhíreach acu le seirbhísí lárnacha nó le seirbhísí coimhdeacha de chuid taisclann lárnach urrús, arna údarú i gcomhréir le hAirteagal 16 den Rialachán sin, a liostaítear i Roinn A agus i Roinn B den Iarscríbhinn sin.

Chun críocha phointe (m) den chéad fhomhír, déanfaidh institiúid aon risíocht choinnithe a áireamh sa tomhas risíochta.

2. Chun críocha phointí (d) agus (e) de mhír 1, ciallaíonn "institiúid creidmheasa forbartha poiblí" institiúid creidmheasa a chomhlíonann na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) institiúid creidmheasa í arna bunú ag rialtas láir, ag rialtas réigiúnach nó ag údarás áitiúil i mBallstát;

(b) tá a gníomhaíocht teoranta do chuspóirí sonraithe beartais airgeadais, shóisialta nó eacnamaíoch a chur chun cinn i gcomhréir leis na dlíthe agus na forálacha lena rialaítear an institiúid sin, lena n-áirítear airteagail maidir le comhlachas, ar bhonn neamhhiomaíoch;

(c) níl sé mar aidhm aici a oiread brabúis agus is féidir a dhéanamh nó an méid is mó is féidir de sciar an mhargaidh a fháil;

(d) faoi réir rialacha Státchabhrach an Aontais, tá sé d'oibleagáid ar an rialtas láir, ar an rialtas réigiúnach nó ar an údarás áitiúil inmharthanacht na hinstitiúide creidmheasa a chosaint nó ráthaíonn siad go díreach nó go hindíreach ar a laghad 90 % de cheanglais cistí dílse, de cheanglais chistiúcháin na hinstitiúide creidmheasa nó d'iasachtaí cur chun cinn a dheonaítear;

(e) ní ghlacann sí le taiscí faoi chumhdach mar a shainmhínítear iad i bpointe (5) d'Airteagal 2(1) de Threoir 2014/49/AE nó sa dlí náisiúnta a bhfuil an Treoir sin á cur chun feidhme a fhéadfar a aicmiú mar thaiscí téarma seasta nó mar thaiscí coigiltis ó thomhaltóirí mar a shainítear i bpointe (a) d'Airteagal 3 de Threoir 2008/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

Chun críocha phointe (b) den chéad fhomhír, féadfar a áireamh ar na cuspóirí beartais phoiblí maoiniú a sholáthar ar mhaithe le hearnálacha eacnamaíocha sonraithe nó limistéir gheografacha shonraithe an Bhallstáit ábhartha a chur chun cinn agus a fhorbairt.

►C7 Chun críocha phointe (d) agus (e) de mhír 1, agus gan dochar do rialacha Státchabhrach an Aontais ná do ◄ na hoibleagáidí a fhorchuireann sé ar na Ballstáit, féadfaidh na húdaráis inniúla, arna iarraidh sin d'institiúid, caitheamh le haonad féinrialaitheach de chuid na hinstitiúide sin atá neamhspleách ar bhonn eagraíochtúil, struchtúir agus airgeadais de, mar institiúid creidmheasa forbartha poiblí, ar choinníoll go gcomhlíonann an t-aonad na coinníollacha go léir a liostaítear sa chéad fhomhír agus nach ndéanann an chóireáil sin difear d'éifeachtacht na maoirseachta a dhéantar ar an institiúid sin. Tabharfaidh na húdaráis inniúla fógra gan mhoill don Choimisiún agus do ÚBE maidir le cinneadh ar bith caitheamh le haonad institiúide mar institiúid creidmheasa forbartha poiblí, chun críocha na fomhíre seo. Athbhreithneoidh an t-údarás inniúil an cinneadh sin uair in aghaidh na bliana.

([1]) Treoir 2008/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2008 maidir le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 87/102/CEE ón gComhairle (IO L 133, 22.5.2008, lch. 66).

▼M8

3. Chun críocha phointe (d) agus phointe (e) de mhír 1 agus chun críocha phointe (d) de mhír 2, ciallaíonn “iasacht cur chun cinn” iasacht a dheonaíonn institiúid creidmheasa forbartha poiblí nó eintiteas a bhunaíonn rialtas láir, rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil de chuid Ballstáit, go díreach nó trí institiúid creidmheasa idirmheánach ar bhonn neamhiomaíoch, neamhbhrabúsach, d'fhonn cuspóirí beartais phoiblí an rialtais láir, an rialtais réigiúnaigh nó an údaráis áitiúil a chur chun cinn i mBallstát.

4. I gcás nach gcomhlíonfar an coinníoll a leagtar amach sa tríú fomhír d'Airteagal 429(5), ní eisiafaidh institiúidí na risíochtaí trádála dá dtagraítear i bpointe (g) agus i bpointe (h) de mhír 1 den Airteagal seo.

5. ►M11 Féadfaidh institiúidí na risíochtaí a liostaítear i bpointe (n) de mhír 1 a eisiamh i gcás ina gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas: ◄

(a) chinn údarás inniúil na hinstitiúide, tar éis dul i gcomhairle leis an mbanc ceannais ábhartha, agus d'fhógair sé go poiblí go bhfuil imthosca eisceachtúla ann a fhágann go bhfuil bonn leis na risíochtaí sin a eisiamh, d'fhonn cur chun feidhme beartas airgeadaíochta a éascú;

(b) deonaíodh an díolúine ar feadh tréimhse theoranta ama nach faide ná aon bhliain amháin;

▼M11

(c) chinn údarás inniúil na hinstitiúide, tar éis dul i gcomhairle leis an mbanc ceannais ábhartha, an dáta a mheastar gur cuireadh tús leis na himthosca eisceachtúla agus d’fhógair sé an dáta sin go poiblí; socrófar an dáta sin ag deireadh ráithe.

▼M8

6. Comhlíonfaidh na risíochtaí a eisiafar faoi phointe (n) de mhír 1 an dá choinníoll seo a leanas:

(a) tá siad ainmnithe san airgeadra céanna agus atá na taiscí a ghlac an institiúid;

(b) ní théann a meánaibíocht puinn thar mheánaibíocht na dtaiscí a ghlac an institiúid.

7. De mhaolú ar phointe (d) d'Airteagal 92(1), i gcás ina n-eisiann institiúid na risíochtaí dá dtagraítear i bpointe (n) de mhír 1 den Airteagal seo, sásóidh sí i gcónaí an ceanglas seo a leanas maidir leis an gcóimheas coigeartaithe giarálaluamhánaithe (aLR), fad a mhairfidh an t-eisiamh:

$$aLR = 3\% \cdot \frac{EM_{LR}}{EM_{LR} - CB}$$

nuair atá:

aLR = an cóimheas coigeartaithe luamhánaithe;

▼M11

$EM_{LR}$ = tomhas risíochta iomlán na hinstitiúide mar a ríomhtar é i gcomhréir le hAirteagal 429(4), lena n-áirítear na risíochtaí a eisiatar i gcomhréir le pointe (n) de mhír 1 den Airteagal seo, ar an dáta dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 5 den Airteagal seo; agus

▼**M11**

CB = meánluach iomlán laethúil risíochtaí na hinstitiúide ar a banc ceannais, arna ríomh le linn thréimhse cothabhála cúltaca iomlán an bhainc ceannais go díreach roimh an dáta dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 5, atá incháilithe lena n-eisiamh i gcomhréir le pointe (n) de mhír 1

▼**M8**

*Airteagal 429b*

**Luach risíochta na sócmhainní a ríomh**

1. Ríomhfaidh institiúidí luach risíochta na sócmhainní, cé is moite de na conarthaí díorthacha a liostaítear in Iarscríbhinn II, díorthaigh chreidmheasa agus na suíomhanna dá dtagraítear in Airteagal 429e, i gcomhréir leis na prionsabail seo a leanas:

(a) ciallaíonn luach risíochta na sócmhainní luach risíochta dá dtagraítear sa chéad abairt d'Airteagal 111(1);

(b) ní dhéanfar idirbhearta um maoiniú urrús a ghlanluacháil.

2. Ní sháraíonn socrú comhthiomsaithe airgid arna thairiscint ag institiúid an coinníoll a leagtar amach i bpointe (b) d'Airteagal 429(7) ach amháin i gcás ina gcomhlíonann an socrú an dá choinníoll a leanas araon:

(a) aistríonn an institiúid a bhfuil an socrú comhthiomsaithe airgid á thairiscint aici iarmhéideanna sochair agus dochair chuntais aonair éagsúla eintiteas grúpa a áirítear sa socrú ("cuntais bhunaidh") isteach i gcuntas aonair ar leith agus, ar an gcaoi sin, socraíonn sí iarmhéideanna na gcuntas bunaidh go náid;

(b) cuireann an institiúid na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) den fhomhír seo i gcrích ar bhonn laethúil.

Chun críocha na míre seo agus mhír 3, ciallaíonn "socrú comhthiomsaithe airgid", socrú lena ndéantar iarmhéideanna sochair agus dochair cuntas aonair éagsúil a chur le chéile ar mhaithe le bainistiú airgid nó leachtachta.

3. De mhaolú ar mhír 2 den Airteagal seo, ní sháraíonn socrú comhthiomsaithe airgid nach gcomhlíonfaidh an coinníoll a leagtar amach i bpointe (b) na míre sin, ach a chomhlíonfaidh an coinníoll a leagtar amach i bpointe (a) na míre sin, ní sháraíonn sé an coinníoll a leagtar amach i bpointe (b) d'Airteagal 429(7), ar choinníoll go gcomhlíonfaidh an socrú na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) tá ceart infheidhmithe le dlí ag institiúid iarmhéideanna na gcuntas bunaidh a fhritháireamh trína n-aistriú go cuntas aonair tráth ar bith;

(b) níl aon neamhréireanna aibíochta idir iarmhéideanna na gcuntas bunaidh;

(c) gearrann nó íocann an institiúid ús bunaithe ar chomh-iarmhéid iomlán na gcuntas bunaidh;

(d) measann údarás inniúil na hinstitiúide go bhfuil an mhinicíocht lena n-aistrítear iarmhéideanna na gcuntas bunaidh uile leordhóthanach ionas go bhféadfaí comh-iarmhéid iomlán an tsocraithe comhthiomsaithe airgid, agus an méid sin amháin, a áireamh sa tomhas risíochta iomlán.

▼M8

4. De mhaolú ar phointe (b) de mhír 1, féadfaidh institiúidí ríomh a dhéanamh ar luach risíochta airgid infhaighte agus airgid iníoctha faoi idirbhearta um maoiniú urrús leis an gcontrapháirtí céanna ar bhonn glan, agus ar an mbonn sin amháin, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) tá an dáta socraíochta deiridh follasach céanna ag na hidirbhearta;

(b) an ceart chun an méid atá dlite don chontrapháirtí a fhritháireamh in aghaidh an mhéid atá dlite ag an gcontrapháirtí, tá sé infheidhmithe le dlí i ngnáthchúrsa gnó agus i gcás mainneachtana, dócmhainneachta agus féimheachta;

(c) nuair atá sé ar intinn ag na contrapháirtithe socrú a dhéanamh ar bhonn glan nó socrú a dhéanamh go comhuaineach, nó nuair atá na hidirbhearta faoi réir sásra socraíochta a mbeidh socraíocht ar bhonn glan nó a comhionann feidhmiúil mar thoradh air.

5. Chun críocha phointe (c) de mhír 4, féadfaidh institiúidí a mheas nach mbeidh socraíocht ar bhonn glan nó a comhionann feidhmiúil mar thoradh ar shásra socraíochta ach amháin i gcás ina mbeidh, ar an dáta socraíochta, toradh glan eis-sreabha airgid na n-idirbheart faoin sásra sin cothrom leis an méid aonair glan faoi shocraíocht ar bhonn glan agus ina gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) socraítear na hidirbhearta tríd an gcóras socraíochta céanna nó trí chórais socraíochta a bhaineann leas as bonneagar coiteann socraíochta;

(b) tacaítear leis na socruithe socraíochta trí airgead nó trí shaoráidí creidmheasa ionlae a chur ar fáil a bhfuil sé mar aidhm acu a dheimhniú go gcuirfear i gcrích socrú na n-idirbheart roimh dheireadh an lae gnó;

(c) ní chuireann aon saincheisteanna a thagann as gnéithe urrús na n-idirbheart um maoiniú urrús isteach ar chur i gcrích ghlansocrú airgid thirim infhaighte agus airgid thirim iníoctha.

Ní mheastar an coinníoll a leagtar amach i bpointe (c) den chéad fhomhír a bheith comhlíonta ach amháin i gcás ina bhféadfaidh teip aon idirbhirt um maoiniú urrús sa sásra socraíochta moill a chur ar shocrú ghné an airgid meaitseála amháin nó ina bhféadfaidh an teip oibleagáid a chruthú don sásra socraíochta, arna tacú ag saoráid chreidmheasa ghaolmhar.

I gcás ina dteipfidh ar ghné urrús idirbhirt um maoiniú urrús sa sásra socraíochta ag deireadh na tréimhse ama chun socrú a dhéanamh sa sásra socraíochta, scarfaidh institiúidí an t-idirbheart seo agus a ghné airgid meaitseála ón tacar glanluachála agus láimhseálfaidh siad iad ar bhonn comhlán.

*Airteagal 429c*

**Luach risíochta na ndíorthach a ríomh**

1. Ríomhfaidh institiúidí luach risíochta na gconarthaí díorthacha a liostaítear in Iarscríbhinn II agus na ndíorthach creidmheasa, lena n-áirítear na cinn sin atá lasmuigh den chlár comhardaithe, i gcomhréir leis an modh a leagtar amach i gCuid a Trí de Chaibidil 6 de Theideal II de Roinn a Trí.

▼**M8**

Agus an luach risíochta á ríomh, féadfaidh institiúidí éifeachtaí conarthaí le haghaidh nuachana agus comhaontuithe glanluachála eile a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 295. Ní chuirfidh institiúidí glanluacháil trastáirgí san áireamh, ach féadfaidh siad glanluacháil a dhéanamh laistigh den chatagóir táirgí dá dtagraítear i bpointe (25)(c) d'Airteagal 272 agus laistigh de dhíorthaigh creidmheasa i gcás ina bhfuil siad faoi réir comhaontú glanluachála trastáirgí conarthach dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 295.

Áireoidh institiúidí sa tomhas risíochta iomlán céadroghanna arna ndíol fiú i gcás ina bhféadtar a luach risíochta a shocrú go náid i gcomhréir leis an láimhseáil a leagtar síos in Airteagal 274(5).

2. I gcás ina dtiocfaidh laghdú ar líon na sócmhainní faoin gcreat cuntasaíochta is infheidhme de thoradh sholáthar na comhthaobhachta a bhaineann le conarthaí díorthach, déanfaidh institiúidí an laghdú sin a fhreaschur.

3. Chun críocha mhír 1 den Airteagal seo, ní fhéadfaidh institiúidí ach comhthaobhacht a fhaightear in airgead tirim óna gcontrapháirtithe a aithint mar an corrlach athrúcháin dá dtagraítear in Airteagal 275 agus costas athsholáthair na gconarthaí díorthacha á ríomh acu i gcomhréir le hAirteagal 275, i gcás nár aithníodh sa chreat cuntasaíochta is infheidhme an corrlach athrúcháin cheana féin mar laghdú ar an luach risíochta agus i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) i gcomhair trádálacha nach n-imréitítear trí chontrapháirtí lárnach cáilitheach, ní leithscartar an t-airgead tirim a gheobhaidh an contrapháirtí is faighteoir;

(b) déantar an corrlach athrúcháin a ríomh agus a mhalartú ar bhonn laethúil ar a laghad bunaithe ar luacháil maidir le marcáil ón margadh na suíomhanna díorthach;

(c) tá an corrlach athrúcháin a fuarthas, tá sé in airgeadra a shonraítear sa chonradh díorthach, lena rialaítear máistir-chomhaontú glanluachála, iarscríbhinn maidir le tacaíocht creidmheasa a ghabhann leis an máistir-chomhaontú glanluachála cáilitheach nó mar a shainmhínítear in aon chomhaontú glanluachála le contrapháirtí lárnach cáilitheach;

(d) is é an corrlach athrúcháin a fuarthas an méid iomlán a bheadh de dhíth chun risíocht maidir le marcáil ón margadh an chonartha díorthach a mhúchadh faoi réir na tairsí agus na n-íosmhéideanna aistrithe is infheidhme maidir leis an gcontrapháirtí;

(e) Cumhdaítear an conradh díorthach agus an corrlach athrúcháin idir an institiúid agus contrapháirtí an chonartha sin faoi chomhaontú glanluachála aonair a fhéadfaidh an institiúid a láimhseáil mar laghdú priacail i gcomhréir le hAirteagal 295.

I gcás ina soláthróidh institiúid comhthaobhacht airgid thirim do chontrapháirtí agus go gcomhlíonfaidh an chomhthaobhacht sin na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (a) go pointe (e) den chéad fhomhír, measfaidh an institiúid an chomhthaobhacht sin a bheith ina corrlach athrúcháin a bhreactar le contrapháirtí agus cuirfidh an institiúid san áireamh í agus an costas athsholáthair á ríomh.

Chun críocha phointe (b) den chéad fhomhír, measfar go bhfuil institiúid tar éis an coinníoll a leagtar amach ann a chomhlíonadh i gcás ina malartófar an corrlach athrúcháin ar maidin an lae trádála i ndiaidh an lae trádála ar a sonraíodh an conradh díorthach, ar choinníoll go mbunófar an malartú ar luach an chonartha ag deireadh an lae trádála ar a sonraíodh an conradh.

▼**M8**

Chun críocha phointe (d) den chéad fhomhír, i gcás ina mbeidh díospóid chorrlaigh ann, féadfaidh institiúidí méid na comhthaobhachta nach ábhar díospóide é a malartaíodh a aithint.

4. Chun críocha mhír 1 den Airteagal seo, ní chuirfidh institiúidí comhthaobhacht a fuarthas i nglanmhéid na comhthaobhachta neamh-spleáiche a ríomh mar a shainmhínítear i bpointe (12a) d'Airteagal 272, ach amháin i gcás conarthaí díorthach le cliaint i gcás ina ndéanfaidh contrapháirtí lárnach cáilitheach na conarthaí sin a imréiteach.

5. Chun críocha mhír 1 den Airteagal seo, socróidh institiúidí luach an iolraitheora a úsáidfear chun an risíocht a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 278(1) go haon, ach amháin i gcás conarthaí díorthach le cliaint i gcás ina ndéanfaidh contrapháirtí lárnach cáilitheach na conarthaí sin a imréiteach.

6. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, ní fhéadfaidh institiúidí an modh a leagtar amach i Roinn 4 nó 5 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí a úsáid chun luach risíochta na gconarthaí díorthach a liostaítear i bpointe 1 agus i bpointe 2 d'Iarscríbhinn II a chinneadh ach amháin i gcás ina n-úsáidfidh siad an modh sin freisin chun luach risíochta na gconarthaí sin a chinneadh ar mhaithe leis na ceanglais cistí dílse a leagtar amach in Airteagal 92 a chomhlíonadh.

I gcás ina gcuirfidh institiúidí ceann de na modhanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír i bhfeidhm, ní laghdóidh siad an tomhas risíochta iomlán faoi mhéid an chorrlaigh a fuair siad.

*Airteagal 429d*

**Forálacha breise maidir le luach na risíochta atá ag na díorthaigh chreidmheasa i scríbhinn a ríomh**

1. Chun chríocha an Airteagail seo, ciallaíonn "díorthach creidmheasa i scríbhinn" aon ionstraim airgeadais lena soláthraíonn institiúid cosaint chreidmheasa ar bhonn éifeachtach, lena n-áirítear babhtálacha mainneachtana creidmheasa, babhtálacha toraidh iomláin agus roghanna i gcás ina bhfuil an oibleagáid ar an institiúid cosaint chreidmheasa a sholáthar faoi choinníollacha a shonraítear sa chonradh roghanna.

2. De bhreis ar an ríomh a leagtar síos in Airteagal 429c, áireoidh institiúidí i ríomh luach na risíochta a bheidh ag na díorthaigh creidmheasa i scríbhinn na méideanna barúlacha iarbhír dá dtagraítear sna díorthaigh creidmheasa i scríbhinn arna laghdú le haon athruithe diúltacha ar an luach cóir a ionchorpraíodh i gcaipiteal Leibhéal 1 maidir leis na díorthaigh creidmheasa i scríbhinn sin.

Ríomhfaidh institiúidí an méid barúlach iarbhír a bheidh ag díorthaigh creidmheasa i scríbhinn trí bhíthin méid barúlach na ndíorthach sin a choigeartú chun fíor-risíocht na gconarthaí atá luamhánaithe nó ar shlí eile feabhsaithe le struchtúr an idirbhirt.

3. Féadfaidh institiúidí luach na risíochta a laghdú go hiomlán nó go páirteach a ríomhtar i gcomhréir le mír 2 faoi mhéid barúlach iarbhír na ndíorthach creidmheasa a ceannaíodh, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas go léir:

(a) is ionann aibíocht iarmhair an díorthaigh creidmheasa a ceannaíodh agus aibíocht iarmhair an díorthaigh creidmheasa i scríbhinn nó is mó aibíocht iarmhair an díorthaigh creidmheasa a ceannaíodh ná aibíocht iarmhair an díorthaigh creidmheasa i scríbhinn;

▼M8

(b) tá an díorthach creidmheasa a ceannaíodh ar shlí eile faoi réir na dtéarmaí ábhartha céanna leis an díorthach creidmheasa i scríbhinn chomhfhreagrach nó téarmaí ábhartha níos coimeádaí ná téarmaí an díorthaigh sin;

(c) ní ó chontrapháirtí a d'fhágfadh an institiúid ar risíocht ar Shain-priacal Comhghaolmhaireachta, mar a shainmhínítear i bpointe (b) d'Airteagal 291(1), ní ó chontrapháirtí den chineál sin a cheannaítear an díorthach creidmheasa a ceannaíodh;

(d) i gcás ina laghdaítear méid barúlach iarbhír an díorthaigh creidmheasa i scríbhinn faoi aon athrú diúltach ar an luach cóir a ionchorpraítear i gcaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide, laghdaítear méid barúlach iarbhír an díorthaigh creidmheasa a ceannaíodh faoi aon athrú deimhneach ar an luach cóir a ionchorpraítear i gcaipiteal Leibhéal 1;

(e) ní áirítear an díorthach creidmheasa a ceannaíodh in idirbheart a rinne an institiúid a imréiteach thar ceann cliaint nó a rinne an institiúid a imréiteach ina ról mar chliant ar leibhéal níos airde i struchtúr cliant il-leibhéal agus a n-eisiatar an méid barúlach iarbhír dá dtagraítear sa díorthach creidmheasa i scríbhinn chomhfhreagrach ón tomhas risíochta ina leith sin i gcomhréir le pointe (g) nó le pointe (h) den chéad fhomhír d'Airteagal 429a(1), de réir mar is infheidhme.

Chun críocha ríomh na risíochta féideartha todhchaíche ar chreidmheas i gcomhréir le hAirteagal 429c(1), féadfaidh institiúidí an chuid sin de dhíorthach creidmheasa i scríbhinn a eisiamh ón tacar glanluachála ar díorthach creidmheasa i scríbhinn é nach ndéantar a fhritháireamh i gcomhréir leis an gcéad fhomhír den mhír seo agus a n-áirítear an méid barúlach iarbhír sa tomhas risíochta ina leith.

4. Chun críocha phointe (b) de mhír 3, ciallaíonn “téarma ábhartha” aon ghné den díorthach creidmheasa a bhaineann lena luacháil sin, lena n-áirítear an leibhéal tánaistithe, an roghnaíocht, na teagmhais chreidmheasa, an t-eintiteas tagartha foluiteach nó comhthiomsú eintiteas, agus an oibleagáid tagartha fholuiteach nó comhthiomsú oibleagáidí den chineál sin, seachas an méid barúlach agus aibíocht iarmhair an díorthaigh creidmheasa. Is nuair a thagróidh dhá ainm tagartha don eintiteas dlíthiúil céanna, agus sa chás sin amháin, arb ionann iad.

5. De mhaolú ar phointe (b) de mhír 3, féadfaidh institiúidí díorthaigh chreidmheasa a ceannaíodh a úsáid ar chomhthiomsú ainmneacha tagartha chun díorthaigh creidmheasa i scríbhinn ar ainmneacha tagartha ar leith laistigh den chomhthiomsú sin i gcás inarb ionann an comhthiomsú eintiteas tagartha agus leibhéal an tánaistithe sa dá idirbheart.

6. Ní laghdóidh institiúidí an méid barúlach iarbhír atá ag díorthaigh creidmheasa i scríbhinn i gcás ina gceannóidh siad cosaint chreidmheasa trí bhabhtáil an toraidh iomláin agus ina ndéanfaidh sé taifead ar na glaníocaíochtaí arna bhfáil mar ghlanioncam, ach nach ndéanfaidh siad taifead ar aon mheath fritháirimh i luach an díorthaigh creidmheasa i scríbhinn i gcaipiteal Leibhéal 1.

7. I gcás díorthach creidmheasa a ceannaíodh ar chomhthiomsú oibleagáidí tagartha, féadfaidh institiúidí laghdú a dhéanamh ar an méid barúlach iarbhír atá ag díorthaigh creidmheasa i scríbhinn ar oibleagáidí tagartha ar leith faoin méid barúlach iarbhír atá ag díorthaigh creidmheasa a ceannaíodh i gcomhréir le mír 3 ach amháin i gcás go bhfuil an chosaint a ceannaíodh coibhéiseach ó thaobh an gheilleagair de le cosaint a cheannach ar leithligh ar gach ceann de na hoibleagáidí ar leith sa chomhthiomsú.

▼M8

*Airteagal 429e*

**Forlíontán priacail creidmheasa contrapháirtí le haghaidh idirbhearta um maoiniú urrús**

1. De bhreis ar ríomh luach na risíochta ar na hidirbhearta um maoiniú urrús, lena n-áirítear iad sin atá lasmuigh den chlár comhardaithe i gcomhréir le hAirteagal 429b(1), áireoidh institiúidí sa tomhas risíochta iomlán forlíontán priacail creidmheasa contrapháirtí arna ríomh i gcomhréir le mír 2 nó le mír 3 den Airteagal seo, mar is infheidhme.

2. Ríomhfaidh institiúidí an forlíontán do na hidirbhearta le contrapháirtí nach bhfuil faoi réir máistir-chomhaontú glanluachála a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 206 ar bhonn gach idirbhirt ar leith i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$E_i^* = \max\{0,\ E_i - C_i\}$$

nuair atá:

$E_i^*$ = an forlíontán

i = an t-innéacs a chuireann an t-idirbheart in iúl;

$E_i$ = luach cóir na n-urrús nó an airgid a tugadh ar iasacht don chontrapháirtí faoi idirbheart i; agus

$C_i$ = luach cóir na n-urrús nó an airgid a fuarthas ón gcontrapháirtí faoi idirbheart i.

Féadfaidh institiúidí $E_i^*$ a shocrú comhionann le nialas i gcás gurb é $E_i$ an t-airgead a thugtar ar iasacht do chontrapháirtí agus nach bhfuil an t-airgead infhála gaolmhar incháilithe don láimhseáil glanluachála a leagtar amach in Airteagal 429b(4).

3. Ríomhfaidh institiúidí an forlíontán do na hidirbhearta le contrapháirtí nach bhfuil faoi réir máistir-chomhaontú glanluachála a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 206 ar bhonn gach comhaontaithe ar leith i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$E_i^* = \max\{0, \sum_i E_i - \sum_i C_i\}$$

nuair atá:

$E_i^*$ = an forlíontán

i = an t-innéacs a chuireann an comhaontú glanluachála in iúl;

$E_i$ = luach cóir na n-urrús nó an airgid a tugadh ar iasacht don chontrapháirtí i leith na n-idirbheart atá faoi réir máistir-chomhaontú glanluachála i; agus

$C_i$ = luach cóir na n-urrús nó an airgid a fuarthas ón gcontrapháirtí atá faoi réir máistir-chomhaontú glanluachála i.

4. Chun críocha mhír 2 agus mhír 3, áirítear sa téarma contrapháirtí gníomhairí trí pháirtí a fhaigheann comhthaobhacht i dtaisce agus a bhainistíonn an chomhthaobhacht i gcás bearta trí pháirtí.

▼**M8**

5. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh institiúidí an modh a leagtar amach in Airteagal 222 a úsáid, faoi réir íostairseach 20 % don ualú priacail infheidhme, chun an forlíontán le haghaidh idirbhearta um maoiniú urrús a chinneadh, lena n-áirítear iad siúd atá lasmuigh den chlár comhardaithe. Féadfaidh institiúidí an modh sin a úsáid ach amháin i gcás ina mbaineann siad úsáid as freisin chun luach risíochta na n-idirbheart sin a ríomh chun críche an ceanglas cistí dílse a chomhlíonadh mar a leagtar amach i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) d'Airteagal 92(1).

6. I gcás ina gcuirtear cuntasaíocht díolachán i gcrích le haghaidh idirbheart athcheannaigh faoi réir an chreata cuntasaíochta is infheidhme, déanfaidh an institiúid gach iontráil chuntasaíochta a bhaineann le díolacháin a fhreaschur.

7. I gcás ina ngníomhaíonn institiúid mar ghníomhaire idir dhá pháirtí i leith idirbhirt um maoiniú urrús, lena n-áirítear idirbheart um maoiniú urrús lasmuigh den chlár comhardaithe, beidh feidhm ag na forálacha seo leanas maidir le tomhas na risíochta iomláine ar an institiúid a ríomh:

(a) I gcás ina soláthraíonn institiúid slánaíocht nó ráthaíocht do cheann amháin de na páirtithe i leith an idirbhirt um maoiniú urrús agus ina bhfuil an tslánaíocht nó an ráthaíocht teoranta d'aon difríocht idir luach an urrúis nó an airgid a thug an páirtí ar iasacht agus luach na comhthaobhachta a sholáthair an t-iasachtaí, ní áireoidh an institiúid ach an forlíontán arna ríomh i gcomhréir le mír 2 nó le mír 3 mar is infheidhme, i dtomhas na risíochta iomláine;

(b) i gcás nach soláthraíonn an institiúid slánaíocht nó ráthaíocht d'aon cheann de na páirtithe lena mbaineann, ní áireofar an t-idirbheart sa tomhas risíochta iomlán;

(c) i gcás ina bhfuil an institiúid ar ris ó thaobh an gheilleagair de ar an urrús foluiteach nó ar airgead an idirbhirt go dtí méid níos mó ná an risíocht atá cumhdaithe ag an bhforlíontán, áireoidh sí sa tomhas risíochta iomlán méid iomlán an urrúis nó an airgid a bhfuil sí ar ris air;

(d) i gcás ina soláthraíonn an institiúid, agus í ag gníomhú ina gníomhaire, slánaíocht nó ráthaíocht don dá pháirtí a bhaineann leis an idirbheart um maoiniú urrús, ríomhfaidh an institiúid a tomhas risíochta iomlán i gcomhréir le pointe (a), pointe (b) agus pointe (c) ar leithligh do gach páirtí a bhaineann leis an idirbheart.

*Airteagal 429f*

**Luach risíochta ítimí atá lasmuigh den chlár comhardaithe a ríomh**

1. Ríomhfaidh institiúidí, i gcomhréir le hAirteagal 111(1), luach risíochta ítimí atá lasmuigh den chlár comhardaithe, gan conarthaí díorthacha a liostaítear in Iarscríbhinn II a áireamh, díorthaigh chreidmheasa, idirbhearta um maoiniú urrús agus suíomhanna dá dtagraítear in Airteagal 429d.

I gcás ina dtagraítear i gceangaltas do shíneadh ceangaltais eile, beidh feidhm ag Airteagal 166(9).

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh institiúidí an méid coibhéiseach atá ag risíocht chreidmheasa ítime atá lasmuigh den chlár comhardaithe a laghdú faoin méid comhfhreagrach atá ag coigeartuithe priacail creidmheasa ar leith. Beidh an ríomh sin faoi réir íostairseach nialais.

▼M8

3. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, cuirfidh institiúidí fachtóir coinbhéartaithe 10 % i bhfeidhm ar ítimí priacail ísil atá lasmuigh den chlár comhardaithe dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 111(1).

*Airteagal 429g*

**Tomhas risíochta gnáthcheannach agus ar ghnáthdhíolachán atá le socrú a ríomh**

1. Láimhseoidh institiúidí airgead a bhaineann le gnáthdhíolacháin agus urrúis a bhaineann le gnáthdhíolacháin a fhanann ar an gclár comhardaithe go dtí an dáta socraíochta mar shócmhainní i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 429(4).

2. Déanfaidh institiúidí, i gcomhréir leis an gcreat cuntasaíochta is infheidhme, a chuireann cuntasaíocht dáta trádála i bhfeidhm maidir le gnáthcheannaigh agus gnáthdhíolacháin atá le socrú aon fhritháireamh a fhreaschur idir airgead infhála i leith gnáthdhíolacháin atá le socrú agus airgead iníoctha i leith gnáthcheannaigh atá le socrú a cheadaítear faoin gcreat sin. Tar éis institiúidí an fritháireamh cuntasaíochta a fhreaschur, féadfaidh siad an t-airgead infhála sin agus an t-airgead iníoctha sin araon a fhreaschur nuair a shocrófar na gnáthdhíolacháin agus na gnáthcheannaigh ábhartha ar bhonn seachadta in áit íocaíochta.

3. Áireoidh institiúidí, i gcomhréir leis an gcreat cuntasaíochta is infheidhme, a chuireann cuntasaíocht dáta trádála i bhfeidhm maidir le gnáthcheannaigh agus gnáthdhíolacháin atá le socrú, luach ainmniúil iomlán na n-oibleagáidí atá le híoc agus a bhaineann le gnáthcheannaigh sa tomhas risíochta iomlán.

Féadfaidh institiúidí luach ainmniúil iomlán na n-oibleagáidí atá le híoc agus a bhaineann le gnáthcheannaigh a fhritháireamh le luach ainmniúil iomlán an airgid infhála a bhaineann le gnáthdhíolacháin atá le socrú ach amháin i gcás ina gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:

(a) socraítear an gnáthcheannach agus an gnáthdhíolachán ar bhonn seachadta in áit íocaíochta;

(b) na sócmhainní airgeadais a ceannaíodh agus a díoladh a mbaineann airgead iníoctha agus airgead infhaighte leo, cuirtear luach cóir orthu trí bhrabús agus caillteanas agus áirítear i leabhar trádála na hinstitiúide iad.

CUID A SEACHT A

**CEANGLAIS TUAIRISCITHE**

*Airteagal 430*

**Tuairisciú ar cheanglais stuamachta agus ar fhaisnéis airgeadais**

1. Tuairisceoidh institiúidí dá n-údaráis inniúla maidir leis an méid a leanas:

(a) ceanglais cistí dílse, lena n-áirítear ceanglais an chóimheasa luamhánaithe, a leagtar amach in Airteagal 92 agus i gCuid a Seacht;

▼M8

(b) i gcás na n-institiúidí atá faoi réir na gceanglas sin, na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 92a agus 92b;

(c) risíochtaí móra mar a leagtar amach in Airteagal 394;

(d) ceanglais leachtachta mar a leagtar amach in Airteagal 415;

(e) na mionsonraí comhiomlána maidir le gach margadh maoine dochorraithe náisiúnta a leagtar amach in Airteagal 430a(1);

(f) na ceanglais agus an treoir a leagtar amach i dTreoir 2013/36/AE is incháilithe le haghaidh tuairisciú caighdeánaithe, seachas aon cheanglais bhreise maidir le tuairisciú faoi phointe (j) d'Airteagal 104(1) den Treoir sin;

(g) an leibhéal ualaithe sócmhainní, lena n-áirítear miondealú de réir chineál an ualaithe sócmhainní, amhail comhaontuithe athcheannaigh, iasachtú urrús, risíochtaí urrúsaithe nó iasachtaí.

Ní bheidh institiúidí dá dtagraítear in Airteagal 6(5) faoi réir an cheanglais um thuairisciú ar an gcóimheas luamhánaithe a leagtar amach i bpointe (a) den chéad fhomhír den mhír seo ar bhonn aonair.

▼M13

1a. Is amhlaidh, chun críocha phointe (a) de mhír 1 den Airteagal seo, nuair a thuairiscíonn institiúidí ar cheanglais cistí dílse maidir le hurrúsuithe, go n-áireofar ar an bhfaisnéis a thuairiscíonn siad faisnéis faoi urrúsuithe NPE a thairbhíonn den láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 269a, faoi urrúsuithe STS laistigh den chlár comhardaithe a thionscnaíonn siad, agus faoi mhiondealú na sócmhainní a fholuíonn urrúsuithe STS sin laistigh den chlár comhardaithe de réir aicme sócmhainne.

▼M8

2. Anuas ar an tuairisciú maidir leis an gcóimheas luamhánaithe dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír de mhír 1 agus lena chur ar chumas na n-údarás inniúil faireachán a dhéanamh ar an gcóimheas luamhánaithe, go háirithe maidir le dátaí tagartha tuairiscithe, tabharfaidh institiúidí tuairisc ar na comhpháirteanna sonracha den chóimheas luamhánaithe dá n-údarás inniúil, bunaithe ar an meán le linn na tréimhse tuairiscithe agus na sonraí a úsáidtear chun na meáin sin a ríomh.

3. De bhreis ar thuairisciú maidir le ceanglais stuamachta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, tuairisceoidh institiúidí faisnéis airgeadais do na húdaráis inniúla atá acu nuair is ceann de na hinstitiúidí seo a leanas í:

(a) institiúid atá faoi réir Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002;

(b) institiúid creidmheasa a ullmhaíonn na cuntais chomhdhlúite atá aici i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta de bhun phointe (b) d'Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002.

4. Féadfaidh údaráis inniúla a cheangal ar institiúidí creidmheasa, a dhéanann na cistí dílse atá acu a chinneadh ar bhonn comhdhlúite i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta de bhun Airteagal 24(2), faisnéis airgeadais a thuairisciú i gcomhréir leis an Airteagal seo.

▼M8

5. Ní bheidh sa tuairisciú ar fhaisnéis airgeadais dá dtagraítear i mír 3 agus i mír 4 ach an fhaisnéis sin is gá chun léargas cuimsitheach a fháil ar phróifíl priacail na hinstitiúide agus na priacail shistéamacha a chuirfidh an institiúid sin ar an earnáil airgeadais nó ar an bhfíorgheilleagar mar a leagtar amach iad i Rialachán (CE) Uimh. 1093/2010.

6. Cuirfear na ceanglais tuairiscithe a leagtar síos san Airteagal seo i bhfeidhm maidir le hinstitiúidí ar bhealach comhréireach agus aird á tabhairt ar an tuairisc dá dtagraítear i mír 8, ag féachaint do mhéid na n-institiúidí, do chastacht agus do chineál agus do leibhéal priacail na ngníomhaíochtaí atá acu.

7. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun na formáidí agus na teimpléid aonfhoirmeacha don tuairisciú a chinneadh, mar aon leis na treoracha agus an mhodheolaíocht chun na teimpléid sin a úsáid, minicíocht agus dátaí an tuairiscithe agus na sainmhínithe agus na réitigh teicneolaíochta faisnéise maidir leis an tuairisciú dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 4.

Aon cheanglais nua i ndáil le tuairisciú a leagtar amach i ndréachtchaighdeáin theicniúla den sort sin infheidhme níos luaithe ná sé mhí ón dáta a dtiocfaidh siad i bhfeidhm.

Chun críocha mhír 2, sonrófar sna dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme cé acu na comhpháirteanna den chóimheas luamhánaithe a dhéanfar a thuairisciú agus úsáid á baint as luachanna dheireadh an lae nó dheireadh na míosa. Chun na críche sin, tabharfaidh ÚBE aird ar an dá ghné seo a leanas:

(a) a shoghabhála a bheadh comhpháirt i leith laghduithe suntasacha sealadacha i líon na n-idirbheart a d'fhágfadh gannionadaíocht ar an bpriacal luamhánaithe iomarcaigh ar dháta an tuairiscithe tagartha;

(b) forbairtí agus torthaí ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa mhír seo faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Meitheamh 2021, cé is moite de na cinn a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

(a) an cóimheas luamhánaithe, a chuirfear faoina bhráid faoin 28 Meitheamh 2020;

(b) na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 92a agus in Airteagal 92b, a chuirfear faoina bhráid faoin 28 Meitheamh 2020.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

8. Measúnóidh ÚBE na costais agus na sochair a bheidh ag na ceanglais tuairiscithe a leagtar síos i nGníomh Cur chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014 ón gCoimisiún [1] i gcomhréir leis an mír seo agus tuairisceoidh sé na torthaí chuig an gCoimisiún faoin 28 Meitheamh 2020. Déanfar an measúnú sin a chur i gcrích, go háirithe i ndáil le hinstitiúidí beaga agus neamhchasta. Chun na gcríoch sin, déanfar an méid seo a leanas sa tuarascáil sin:

(a) rangófar institiúidí faoi chatagóirí atá bunaithe ar a méid, ar chastacht agus ar chineál agus ar leibhéal priacail na ngníomhaíochtaí atá acu;

(b) tomhaisfear na costais tuairiscithe nach mór do gach catagóir institiúide a chur de sa tréimhse ábhartha chun na ceanglais tuairiscithe a chomhlíonadh a leagtar amach i nGníomh Cur chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014, agus na prionsabail seo a leanas á gcur san áireamh:

---

([1]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2014 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le tuairisciú maoirseachta institiúidí de réir Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 191, 28.6.2014, lch. 1).

▼M8

(i) tomhaisfear na costais tuairiscithe mar chóimheas idir na costais tuairiscithe agus costais iomlána na hinstitiúide le linn na tréimhse ábhartha;

(ii) is costais tuairiscithe iad gach caiteachas a bhaineann leis na córais tuairiscithe a chur chun feidhme nó a oibriú ar bhonn leanúnach, lena n-áirítear caiteachas ar fhoireann, ar chórais FT, ar sheirbhísí dlí, cuntasaíochta, iniúchóireachta agus comhairliúcháin;

(iii) tagróidh an tréimhse ábhartha do gach tréimhse bhliantúil ina raibh costais tuairiscithe ar institiúidí chun ullmhú do na ceanglais tuairiscithe a chur chun feidhme a leagtar síos i nGníomh Cur chun Feidhme (AE) Uimh. 680/2014, agus leanúint ar aghaidh ag oibriú na gcóras tuairiscithe ar bhonn leanúnach;

(c) déanfar a mheas an raibh na costais tuairiscithe, arna dtabhú ag gach catagóir institiúidí, comhréireach leis na tairbhí a thug na ceanglais tuairiscithe chun críocha na maoirseachta stuamachta;

(d) measfar an tionchar a bheadh ag laghdú na gceanglas tuairiscithe ar chostais agus ar mhaoirseacht éifeachtach; agus

(e) déanfar moltaí faoin dóigh le laghdú a dhéanamh ar na ceanglais tuairiscithe, i gcás institiúidí beaga neamhchasta, ar a laghad; chuige sin, beidh sé mar sprioc ag ÚBE an meánchostas a bhfuiltear ag súil leis a laghdú 10 %, ar a laghad, ach 20 % más féidir. Déanfaidh ÚBE a mheas, go háirithe, an bhféadfaí:

(i) na ceanglais tuairiscithe dá dtagraítear i bpointe (g) de mhír 1 a tharscaoileadh i gcás institiúidí beaga neamhchasta agus i gcás ina raibh ualú sócmhainní faoi bhun tairseach áirithe;

(ii) minicíocht an tuairiscithe a cheanglaítear i gcomhréir le pointe (a), pointe (c) agus pointe (g) de mhír 1 a laghdú d'institiúidí beaga neamhchasta.

Leis an tuarascáil sin ó ÚBE, gabhfaidh dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 7.

9. Rachaidh údaráis inniúla i gcomhairle le ÚBE chun a shocrú ar cheart d'institiúidí, seachas iad siúd dá dtagraítear i mír 3 agus i mír 4, tuairisciú ar fhaisnéis airgeadais ar bhonn comhdhlúite i gcomhréir le mír 3, ar an gcoinníoll go gcomhlíonfar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) níl na hinstitiúidí ábhartha ag tuairisciú cheana féin ar bhonn comhdhlúite;

(b) tá na hinstitiúidí ábhartha faoi réir creat cuntasaíochta i gcomhréir le Treoir 86/635/CEE;

(c) meastar go bhfuil an tuairisciú airgeadais riachtanach chun léargas cuimsitheach a thabhairt ar phróifíl priacail a bhaineann le gníomhaíochtaí na n-institiúidí sin agus ar na priacail shistéamacha a chuirfidh siad ar an earnáil airgeadais nó ar an bhfíorgheilleagar mar a leagtar amach iad i Rialachán (CE) Uimh. 1093/2010.

Cuirfidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtoll a chéile chun na formáidí agus na teimpléid a shonrú a mbainfidh na hinstitiúidí dá dtagraítear sa chéad fhomhír úsáid astu chun na gcríoch sin a leagtar amach san fhomhír sin.

▼M8

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa dara fomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

10. I gcás ina measann údarás inniúil gur gá faisnéis nach gcumhdaítear le caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 7 chun na gcríoch a leagtar amach i mír 5, cuirfidh sé ÚBE agus BERS ar an eolas faoin bhfaisnéis bhreise a mheasann sé is gá a áireamh sna caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear san fhomhír sin.

11. Féadfaidh údaráis inniúla an ceanglas a tharscaoileadh maidir le cur isteach aon cheann de na pointí sonraí a leagtar amach sna teimpléid tuairiscithe a shonraítear sna caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear san Airteagal seo i gcás ina mbíonn na pointí sonraí sin dúblálach. Chun na gcríoch sin, déanfaidh pointí sonraí dúblacha tagairt d'aon phointí sonraí faisnéise atá ar fáil cheana do na húdaráis inniúla ar bhealach eile seachas trí na teimpléid tuairiscithe sin a bhailiú, lena n-áirítear i gcás inar féidir na pointí sonraí sin a fháil ó shonraí atá ar fáil cheana féin do na húdaráis inniúla i bhformáidí éagsúla nó ar leibhéil éagsúla gráinneachta; ní fhéadfaidh an t-údarás inniúil na dílúintí dá dtagraítear sa mhír seo a dhéanamh ach amháin i gcás inarb ionann na sonraí a bhaileofar, a chomhordófar, nó a chomhiomlánófar trí mhodhanna malartacha den sórt sin agus na pointí sonraí a bheadh le tuairisciú i gcás ar bith eilei gcomhréir leis na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme faoi seach;

Bainfidh na húdaráis inniúla, na húdaráis réitigh agus na húdaráis ainmnithe úsáid as an malartú sonraí, nuair is féidir, chun na ceanglais tuairiscithe a laghdú. Beidh feidhm ag na forálacha maidir le faisnéis a mhalartú agus rúndacht ghairmiúil faoi mar a leagtar síos i Roinn II de Chaibidil I de Theideal VII de Threoir 2013/36/AE.

*Airteagal 430a*

**Oibleagáidí sonracha maidir le tuairisciú**

1. Tabharfaidh institiúidí tuairisc do na húdaráis inniúla ar bhonn bliantúil ar na mionsonraí comhiomlána seo a leanas maidir le gach margadh maoine dochorraithe náisiúnta ar a bhfuil siad ar ris:

(a) caillteanas a eascraíonn as risíochtaí a bhfuil maoin chónaithe aitheanta ag institiúid mar chomhthaobhacht, suas go dtí an tsuim is ísle den mhéid atá curtha i ngeall den mhargadhluach nó 80 % de luach iasachta morgáiste mura gcinnfear a mhalairt faoi Airteagal 124(2);

(b) caillteanais fhoriomlána a eascraíonn as risíochtaí a bhfuil maoin chónaithe aitheanta mar chomhthaobhacht ag institiúid ina leith, suas go dtí an chuid den risíocht a dhéantar a láimhseáil mar a bheadh sí lánurraithe ag an maoin chónaithe i gcomhréir le hAirteagal 124(1);

(c) luach risíochta na risíochtaí uile atá gan íoc atá aitheanta le maoin chónaithe dhochorraithe mar chomhthaobhacht ag institiúid, teoranta don chuid den risíocht a dhéantar a láimhseáil mar a bheadh sí lánurraithe ag an maoin chónaithe i gcomhréir le hAirteagal 124(1);

(d) caillteanas a eascraíonn as risíochtaí a bhfuil maoin thráchtála dhochorraithe aitheanta ag institiúid mar chomhthaobhacht ina leith, suas go dtí an tsuim is ísle den mhéid atá curtha i ngeall agus 50 % den mhargadhluach nó 60 % de luach iasachta morgáiste mura gcinnfear a mhalairt faoi Airteagal 124(2);

▼M8

(e) caillteanais fhoriomlána a eascraíonn as risíochtaí a bhfuil maoin tráchtála dhochorraithe aitheanta mar chomhthaobhacht ag institiúid ina leith, suas go dtí an chuid den risíocht a dhéantar a láimhseáil mar a bheadh sí lánurraithe ag an maoin tráchtála dhochorraithe i gcomhréir le hAirteagal 124(1);

(f) luach risíochta na risíochtaí uile atá gan íoc a bhfuil maoin tráchtála dhochorraithe aitheanta mar chomhthaobhacht ag institiúid ina leith, teoranta don chuid den risíocht a dhéantar a láimhseáil mar a bheadh sí lánurraithe ag an maoin tráchtála dhochorraithe i gcomhréir le hAirteagal 124(1).

2. Tuairisceofar na sonraí dá dtagraítear i mír 1 chuig údarás inniúil Bhallstát baile na hinstitiúide ábhartha. I gcás ina bhfuil brainse ag institiúid i mBallstát eile, déanfar na sonraí a bhaineann leis an mbrainse sin a thuairisciú d'údaráis inniúla an Bhallstáit aíochta. Déanfar na sonraí a thuairisciú go leithleach do gach margadh maoine dochorraithe laistigh den Aontas a bhfuil an institiúid ábhartha ar ris ina leith.

3. Foilseoidh na húdaráis inniúla ar bhonn comhiomlán agus bliantúil na sonraí a shonraítear i bpointí (a) go (f) de mhír 1, mar aon le sonraí stairiúla, ach iad a bheith ar fáil. Déanfaidh údarás inniúil, arna iarraidh sin ag údarás inniúil eile i mBallstát nó ag ÚBE, faisnéis níos mion-sonraithe faoi staid na margaí maoine cónaithe nó maoine tráchtála dochorraithe sa Bhallstát sin a chur ar fáil don údarás inniúil sin nó don ÚBE.

*Airteagal 430b*

**Ceanglais shonracha tuairiscithe le haghaidh priacal margaidh**

▼M9

1. Ó dháta chur i bhfeidhm an ghnímh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 461a, tuairisceoidh institiúidí creidmheasa nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 94(1) ná na coinníollacha in Airteagal 325a(1), i ndáil le gach suíomh leabhair trádála a bhaineann leo agus gach suíomh leabhair neamhthrádála atá faoi réir priacal malairte eachtraí nó priacal tráchtearraí a bhaineann leo, torthaí na ríomhanna bunaithe ar úsáid a bhaint as an gcur chuige caighdeánaithe malartach a leagtar amach i gCaibidil 1a de Theideal IV de Chuid a Trí ar an mbonn céanna agus a thuairiscíonn na hinstitiúidí sin na hoib-leagáidí a leagtar síos i bpointí (b)(i) agus (c) d'Airteagal 92(3).

▼M8

2. Institiúidí dá dtagraítear in mír 1 den Airteagal seo, tuairisceoidh siad na ríomhanna a leagtar amach i bpointí (a), (b) agus (c) d'Air-teagal 325c(2) ar leithligh i ndáil le punann gach suíomh leabhair trádála nó suíomh leabhair neamhthrádála atá faoi réir priacal malairte eachtraí agus priacal tráchtearraí.

3. Sa bhreis ar an gceanglas atá leagtha amach i mír 1 den Airteagal seo, ó dheireadh tréimhse 3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na gcaighdeán teicniúil rialála is déanaí dá dtagraítear in Airteagail 325bd(7), 325be(3), 325bf(9) agus 325bg(4), déanfaidh insti-tiúidí, i ndáil leis na suíomhanna a sannadh do dheasca trádála dár dheonaigh údaráis inniúla cead dóibh an cur chuige inmheánach malartach a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 325az(2), torthaí an ríomha a thuairisciú bunaithe ar úsáid a bhaint as an gcur chuige sin mar a leagtar amach i gCaibidil 1b de Theideal IV de Chuid a Trí ar an mbonn céanna a thuairiscíonn na hinstitiúidí sin na hoibleagáidí a leagtar síos i bpointí (b)(i) agus (c) d'Airteagal 92(3).

▼M8

4. Chun críocha an cheanglais tuairiscithe i mír 3 den Airteagal seo, déanfaidh institiúidí na ríomhanna a leagtar amach i bpointí (a)(i), (a)(ii), (b)(i) agus (b)(ii) d'Airteagal 325ba(1) agus i ndáil le punann gach suíomh leabhair trádála nó suíomh leabhair neamhthrádála a shanntar do dheasca trádála priacail malairte eachtraí nó priacail tráchtearraí dár thug na húdaráis inniúla cead don institiúid an cur chuige inmheánach malartach a úsáid ina leith i gcomhréir le hAirteagal 325az(2).

5. Féadfaidh institiúidí na cuir chuige dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 3 a úsáid le chéile laistigh de ghrúpa, ar choinníoll nach mó an ríomh faoin gcur chuige sin dá dtagraítear i mír 1 ná 90 % den ríomh iomlán. Mura ndéantar sin, úsáidfidh an institiúid an cur chuige dá dtagraítear i mír 1 dá gcuid suíomhanna leabhair trádála agus dá gcuid suíomhanna leabhair neamhthrádála ar fad atá faoi réir priacal malairte eachtraí nó priacal tráchtearraí.

6. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun na teimpléid aonfhoirmeacha don tuairisciú a shonrú, mar aon leis na treoracha agus an mhodheolaíocht chun na teimpléid a úsáid, minicíocht agus dátaí an tuairiscithe, na sainmhínithe agus na réitigh TF don tuairisciú dá dtagraítear san Airteagal seo.

Aon cheanglais nua i ndáil le tuairisciú a leagtar amach sna caighdeáin theicniúla chur chun feidhme sin, ní bheidh siad infheidhme níos luaithe ná sé mhí ó dháta a dteacht i bhfeidhm.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla chur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2020.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 430c*

**Tuarascáil féidearthachta maidir leis an gcóras comhtháite tuairiscithe**

1. Cuirfidh ÚBE tuarascáil féidearthachta i dtoll a chéile maidir le córas comhsheasmhach comhtháite a fhorbairt chun sonraí staidrimh, sonraí réitigh agus sonraí stuamachta a bhailiú agus cuirfear na torthaí faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Meitheamh 2020.

2. Agus an tuarascáil féidearthachta á dréachtú, féachfaidh ÚBE chuige go mbeidh lámh ann ag na húdaráis inniúla, chomh maith leis na húdaráis atá freagrach as scéimeanna ráthaíochta taiscí, as réitigh agus go háirithe CEBC. Cuirfear san áireamh sa tuarascáil an obair atá déanta cheana féin ag CEBC maidir le bailiúcháin chomhtháite sonraí agus beidh sí bunaithe ar anailís fhoriomlán costais agus tairbhe, lena n-áirítear ar a laghad an méid seo a leanas:

(a) forléargas ar chainníocht, raon feidhme, bunús agus gráinneacht na sonraí reatha arna mbailiú ag na húdaráis inniúla ina ndlínse;

▼M8

(b) bunú foclóra chaighdeánaigh de na sonraí atá le bailiú d'fhonn cur le cóineasú na gceanglas tuairiscithe ó thaobh oibleagáidí tuairiscithe tráthrialta, agus chun fiosruithe neamhriachtanach a sheachaint;

(c) bunú comhchoiste, ar a mbeadh ÚBE agus CEBC ar a laghad, chun an córas comhtháite tuairiscithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm;

(d) indéantacht agus dearadh a d'fhéadfadh a bheith ag lárphointe bailithe sonraí don chóras tuairiscithe comhtháite, lena n-áirítear ceanglais maidir le rúndacht na sonraí a bhaileofar, fíordheimhniú láidir agus bainistiú na gceart rochtana ar an gcóras agus cibearshlándáil:

(i) ina mbeadh clár lárnach sonraí leis na sonraí staidrimh, sonraí réitigh agus sonraí stuamachta ar fad, sa ghráinneacht agus sa mhinicíocht is gá don institiúid áirithe agus arna dtabhairt cothrom le dáta leis an tráthúlacht is gá;

(ii) a d'fhónfadh mar phointe teagmhála do na húdaráis inniúla, áit a ndéanfaidís gach cuardach sonraí a fháil, a phróiseáil agus a chomhthiomsú, áit ar féidir cuardaigh a chur le sonraí tuairiscithe atá bailithe cheana féin agus trínar féidir leis na húdaráis inniúla rochtain thapa a fháil ar an bhfaisnéis a iarradh;

(iii) a thabharfadh tacaíocht bhreise do na húdaráis inniúla i ndáil le tarchur na gcuardach sonraí chuig na hinstitiúidí agus a chuirfeadh na sonraí arna n-iarradh isteach sa chlár lárnach sonraí;

(iv) a mbeadh ról comhordúcháin aige i ndáil le malartú faisnéise agus sonraí idir údaráis inniúla; agus

(v) cuirtear san áireamh imeachtaí agus próisis na nÚdarás inniúla agus aistrítear iad go córas caighdeánaithe.

3. Taobh istigh de bhliain amháin ó thíolacadh na tuarascála dá dtagraítear san Airteagal seo, déanfaidh an Coimisiún, más iomchuí agus tar éis dó tuarascáil féidearthachta ÚBE a chur san áireamh, togra reachtach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle le haghaidh córas tuairiscithe caighdeánaithe, comhtháite a bhunú do cheanglais thuairiscithe.

## CUID A hOCHT

## NOCHTADH AG INSTITIÚIDÍ

### TEIDEAL I

### PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

*Airteagal 431*

**Ceanglais agus beartais maidir le nochtadh**

1. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis dá dtagraítear i dTeidil II agus III don phobal i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos sa Teideal seo, faoi réir na n-eisceachtaí dá dtagraítear in Airteagal 432.

2. Na hinstitiúidí sin a dtugann na húdaráis inniúla cead dóibh faoi Chuid a Trí le haghaidh na n-ionstraimí agus na modheolaíochtaí dá dtagraítear i dTeideal III den Chuid seo, déanfaidh siad an fhaisnéis a leagtar síos ann a nochtadh don phobal.

▼M8

3. Glacfaidh comhlacht bainistíochta nó an bhainistíocht shinsearach beartais fhoirmiúla chun na ceanglais maidir le nochtadh a chomhlíonadh a leagtar síos sa Chuid seo agus próisis, córais agus rialuithe inmheánacha a chur i bhfeidhm agus a chothabháil chun a fhíorú gurb iomchuí nochtuithe na n-institiúidí agus go bhfuil siad ag comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos sa Chuid seo. Deimhneoidh ar a laghad ball amháin den chomhlacht bainistíochta nó den bhainistíocht shinsearach i scríbhinn gur nocht an institiúid ábhartha na nochtaí a cheanglaítear faoin gCuid seo i gcomhréir leis na beartais fhoirmiúla agus leis na próisis, córais agus rialuithe inmheánacha. An deimhniú i scríbhinn agus príomhghnéithe bheartais fhoirmiúla na hinstitiúide chun na ceanglais maidir le nochtadh a chomhlíonadh, áireofar iad i nochtuithe na n-institiúidí.

Aon fhaisnéis is gá a nochtadh i gcomhréir leis an gCuid seo, beidh sí faoi réir an leibhéil chéanna fíoraithe inmheánaigh agus is infheidhme maidir leis an tuarascáil bhainistíochta a áirítear i dtuarascáil airgeadais na hinstitiúide.

Beidh beartais curtha i bhfeidhm ag institiúidí freisin chun a fhíorú go dtugann a nochtaí léargas cuimsitheach ar a bpróifíl priacail do rannpháirtithe an mhargaidh. I gcás ina bhfuil institiúidí den tuairim nach dtugann na nochtaí sin léargas cuimsitheach ar a bpróifíl priacail do rannpháirtithe an mhargaidh a cheanglaítear faoin gCuid seo, nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis don phobal de bhreis ar an bhfaisnéis sin a cheanglaítear a nochtadh. Mar sin féin, ní cheanglófar ar institiúidí ach faisnéis is ábhartha agus nach faisnéis dhílseánaigh nó rúnda í a nochtadh i gcomhréir le hAirteagal 432.

4. Ag gabháil leis na nochtuithe cainníochtúla, beidh insint cháilíochtúil agus aon fhaisnéis fhorlíontach eile a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun go mbeidh úsáideoirí na faisnéise sin in ann na nochtuithe cainníochtúla a thuiscint, agus go háirithe aon athrú suntasach in aon nochtadh ar leith i gcomparáid leis an bhfaisnéis atá sna nochtuithe roimhe sin á lua.

5. Tabharfaidh institiúidí, má iarrtar sin orthu, míniú ar a gcinntí rátála do FBManna agus d'iarratasóirí corparáideacha eile ar iasachtaí, agus tabharfaidh siad míniú i scríbhinn nuair a iarrfar sin orthu. Beidh costais riaracháin an mhínithe comhréireach le méid na hiasachta.

*Airteagal 432*

**Faisnéis neamhábhartha, dhílseánaigh nó rúnda**

1. Cé is moite de na nochtuithe a leagtar síos i bpointe (c) d'Airteagal 435(2) agus in Airteagal 437 agus 450, féadfaidh institiúidí ceann amháin nó níos mó de na nochtuithe a liostaítear i dTeidil II agus III a fhágáil ar lár, i gcás nach meastar gur faisnéis ábhartha í an fhaisnéis atáthar á cur ar fáil leis na nochtuithe sin.

Measfar gur faisnéis ábhartha i nochtuithe í faisnéis, más rud é, de bharr í a fhágáil ar lár nó míráiteas a thabhairt ina leith, go bhféadfaí athrú a dhéanamh nó tionchar a imirt ar mheasúnú nó ar chinneadh úsáideora de chuid na faisnéise sin a bheadh ag brath uirthi ar mhaithe le cinntí eacnamaíocha a dhéanamh.

Déanfaidh ÚBEtreoirlínte a eisiúint, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, maidir leis an gcaoi ar gá d'institiúidí ábharthacht a chur i bhfeidhm i ndáil leis na ceanglais maidir le nochtadh atá i dTeideal II agus i dTeideal III.

▼M8

2. Féadfaidh institiúidí freisin ceann amháin nó níos mó de na míreanna faisnéise a liostaítear i dTeideal II agus i dTeideal III a fhágáil ar lár freisin i gcás ina n-áirítear ar na míreanna sin faisnéis a meastar gur faisnéis dhílseánaigh nó rúnda í i gcomhréir leis an dara fomhír seo, cé is moite de na nochtaí a leagtar síos in Airteagal 437 agus in Airteagal 450.

Measfar gur faisnéis dhílseánaigh de chuid institiúidí í faisnéis de chineál a fhágann, dá nochtfaí don phobal í, go mbainfí an bonn de staid iomaíochta na n-institiúidí sin. Féadfar a áireamh le faisnéis dhílseánaigh faisnéis maidir le táirgí nó córais a d'fhágfadh gur lú luach infheistíochtaí na n-institiúidí iontu sin dá roinnfí le hiomaitheoirí í.

Measfar gur faisnéis rúnda í faisnéis i gcás ina gcuireann custaiméirí nó gaolmhaireachtaí eile le contrapháirtithe oibleagáid ar na hinstitiúidí an fhaisnéis sin a choimeád rúnda.

Déanfaidh ÚBEtreoirlínte a eisiúint, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, maidir leis an gcaoi ar gá d'institiúidí an dílseánacht agus an rúndacht a chur i bhfeidhm i ndáil leis na ceanglais maidir le nochtadh atá i dTeideal II agus i dTeideal III.

3. Sna cásanna eisceachtúla dá dtagraítear i mír 2, luafaidh an institiúid lena mbaineann ina nochtuithe más amhlaidh ach bhfuil míreanna faisnéise sonracha á nochtadh, an chúis nach bhfuil na míreanna sin á nochtadh, agus foilseoidh sí faisnéis níos ginearálta faoi ábhar an cheanglais maidir le nochtadh, cé is moite den chás inarb ábhar dílseánaigh nó rúnda é an t-ábhar sin ann féin.

*Airteagal 433*

**Minicíocht agus raon feidhme na nochtuithe**

Foilseoidh institiúidí nochtuithe a cheanglaítear faoi Theideal II agus faoi Theideal III ar an dóigh a leagtar amach in Airteagail 433a, 433b go 433c.

Foilseofar nochtuithe bliantúla ar an dáta a bhfoilseoidh na hinstitiúidí a ráitis airgeadais nó a luaithe is féidir ina dhiaidh sin.

Foilseofar nochtuithe leathbhliantúla agus ráithiúla ar an dáta a bhfoilseoidh na hinstitiúidí a dtuarascálacha airgeadais don tréimhse chomhfhreagrach nuair is infheidhme nó a luaithe is féidir ina dhiaidh sin.

Beidh aon mhoill idir dáta foilsithe na nochtaí a cheanglaítear faoin gCuid seo agus dáta foilsithe na ráiteas airgeadais ábhartha réasúnta agus, ar aon chaoi, ní rachaidh sí thar an tréimhse ama a leagfaidh na húdaráis inniúla amach de bhun Airteagal 106 de Threoir 2013/36/AE.

*Airteagal 433a*

**Nochtuithe arna ndéanamh ag institiúidí móra**

1. Nochtfaidh institiúidí móra an fhaisnéis a leagtar amach thíos leis an minicíocht seo a leanas:

(a) an fhaisnéis uile a cheanglaítear faoin gCuid seo ar bhonn bliantúil;

▼M8

(b) ar bhonn leathbhliantúil, an fhaisnéis dá dtagraítear i:

(i) pointe (a) d'Airteagal 437;

(ii) pointe (e) d'Airteagal 438;

(iii) pointí (e) go (l) d'Airteagal 439;

(iv) Airteagal 440;

(v) pointí (c), (e), (f) agus (g) d'Airteagal 442;

(vi) pointe (e) d'Airteagal 444;

(vii) Airteagal 445;

(viii) pointí (a) agus (b) d'Airteagal 448(1);

(ix) pointí (j) go (l) d'Airteagal 449;

(x) pointí (a) agus (b) d'Airteagal 451(1);

(xi) Airteagal 451a(3);

(xii) Pointe (g) d'Airteagal 452;

(xiii) pointí (f) go (j) d'Airteagal 453;

(xiv) pointí (d), (e) agus (g) d'Airteagal 455;

(c) ar bhonn ráithiúil, an fhaisnéis dá dtagraítear i:

(i) pointí (d) agus (h) d'Airteagal 438;

(ii) na príomh-mhéadrachtaí dá dtagraítear in Airteagal 447;

(iii) Airteagal 451a(2).

2. De mhaolú ar mhír 1, nochtfaidh institiúidí móra seachas na G-SIIanna atá ina n-institiúidí neamhliostaithe an fhaisnéis a leagtar amach thíos agus déanfaidh siad sin leis an minicíocht seo a leanas:

(a) an fhaisnéis uile a cheanglaítear faoin gCuid seo ar bhonn bliantúil;

(b) na príomh-mhéadrachtaí dá dtagraítear in Airteagal 447 ar bhonn leathbhliantúil.

3. Nochtfaidh institiúidí móra atá faoi réir Airteagal 92a nó Airteagal 92b an fhaisnéis a cheanglaítear faoi Airteagal 437a ar bhonn leathbhliantúil, seachas i leith na bpríomh-mhéadrachtaí dá dtagraítear i bpointe (h) d'Airteagal 447, atá le nochtadh ar bhonn ráithiúil.

*Airteagal 433b*

**Nochtuithe arna ndéanamh ag institiúidí beaga agus neamhchasta**

1. Nochtfaidh institiúidí beaga agus neamhchasta an fhaisnéis a leagtar amach thíos leis an minicíocht seo a leanas:

(a) ar bhonn bliantúil, an fhaisnéis dá dtagraítear i:

(i) pointí (a), (e) agus (f) d'Airteagal 435(1);

(ii) pointe (d) d'Airteagal 438;

(iii) pointí (a) go (d), (h), (i), (j) d'Airteagal 450(1);

(b) ar bhonn leathbhliantúil, na príomh-mhéadrachtaí dá dtagraítear in Airteagal 447.

2. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, nochtfaidh institiúidí beaga neamhchasta atá ina n-institiúidí neamhliostaithe na príomh-mhéadrachtaí dá dtagraítear in Airteagal 447 ar bhonn bliantúil.

▼M8

*Airteagal 433c*

**Nochtuithe arna ndéanamh ag institiúidí eile**

1. Nochtfaidh institiúidí nach bhfuil faoi réir Airteagal 433a nó Airteagal 433b an fhaisnéis a leagtar amach thíos agus leis an minicíocht seo a leanas:

(a) an fhaisnéis uile a cheanglaítear faoin gCuid seo, ar bhonn bliantúil;

(b) na príomh-mhéadrachtaí dá dtagraítear in Airteagal 447, ar bhonn leathbhliantúil.

2. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, nochtfaidh institiúidí eile atá ina n-institiúidí neamhliostaithe an fhaisnéis seo a leanas ar bhonn bliantúil:

(a) pointí (a), (e) agus (f) d'Airteagal 435(1);

(b) pointí (a), (b) agus (c) d'Airteagal 435(2);

(c) pointe (a) d'Airteagal 437;

(d) pointí (c) agus (d) d'Airteagal 438;

(e) na príomh-mhéadrachtaí dá dtagraítear in Airteagal 447;

(f) pointí (a) go (d), (h) go (k) d'Airteagal 450(1).

*Airteagal 434*

**Modhanna nochta**

1. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis uile a cheanglaítear faoi Theideal II agus faoi Theideal III i bhformáid leictreonach agus i bhfoirm nó suíomh aonair. Is é a bheidh sa mheán nó sa suíomh aonair doiciméad leithleach ina gcuirtear foinse inrochtana faisnéise stuamachta ar fáil sa chaoi gur éasca teacht uirthi le haghaidh úsáideoirí na faisnéise sin nó cuid ar leith a áireofar i ráitis airgeadais nó i dtuarascálacha airgeadais na n-institiúidí nó a chuirfear i gceangal leis na ráitis sin ina mbeidh na nochtaí riachtanacha le fáil agus a bheidh na húsáideoirí in ann a aithint go héasca.

2. Cuirfidh institiúidí cartlann den fhaisnéis sin is gá a nochtadh i gcomhréir leis an gCuid seo ar fáil ar a suíomh gréasáin nó, in éagmais suíomh gréasáin, in aon suíomh iomchuí eile. Áiritheofar go mbeidh an chartlann sin inrochtana ar feadh tréimhse ama nach lú ná an tréimhse stórála a shocraítear sa dlí náisiúnta i leith faisnéise a áirítear i dtuarascálacha airgeadais na n-institiúidí.

*Airteagal 434a*

**Formáidí aonfhoirmeacha don nochtadh**

Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun formáidí aonfhoirmeacha don nochtadh a chinneadh, agus treoracha gaolmhara a ndéanfar na nochtaí is gá faoi Theideal II agus Theideal III i gcomhréir leo.

Cuirfidh na formáidí aonfhoirmeacha sin faisnéis ar leor a cuimsitheacht agus a hinchomparáideacht in iúl d'úsáideoirí na faisnéise sin chun próifílí priacail institiúidí agus a mhéid atá siad ag comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos i gCodanna a hAon go dtí a Seacht a mheasúnú. Chun inchomparáideacht na faisnéise a éascú, féachfar sna dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme lena áirithiú go mbeidh formáidí don nochtadh comhsheasmhach le caighdeáin idirnáisiúnta do nochtaí.

▼**M8**

Beidh formáidí aonfhoirmeacha don nochtadh i bhformáid tábla nuair is iomchuí.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Meitheamh 2020.

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

TEIDEAL II

**CRITÉIR THEICNIÚLA MAIDIR LE TRÉDHEARCACHT AGUS NOCHTADH**

*Airteagal 435*

**Cuspóirí agus beartais bainistíochta priacail a nochtadh**

1. Nochtfaidh institiúidí a gcuid cuspóirí bainistíochta priacail agus a mbeartais bainistíochta priacail agus i gcás gach catagóire priacail ar leithligh, lena n-áirítear na priacail dá dtagraítear sa Teideal seo. Áireofar ar na nochtuithe sin:

(a) na straitéisí agus na próisis chun na catagóirí priacail sin a bhainistiú;

(b) struchtúr agus eagrúchán na feidhme bainistíochta priacail ábhartha, lena n-áirítear faisnéis ar bhonn a húdaráis, a cumhachtaí agus a cuntasacht i gcomhréir le doiciméid rialála agus ionchorpraithe na hinstitiúide;

(c) raon feidhme agus cineál an tuairiscithe priacail agus na gcóras tomhais;

(d) na beartais maidir le priacail a fhálú agus a mhaolú, agus na straitéisí agus na próisis chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht leanúnach na bhfáluithe agus na maolaitheoirí;

(e) dearbhú atá faofa ón gcomhlacht bainistíochta maidir le leordhóthanacht socruithe bainistíochta priacail na hinstitiúide ábhartha ina dtugtar cinnteacht gur leor na córais bainistíochta priacail atá i bhfeidhm maidir le próifíl agus straitéis na hinstitiúide;

(f) ráiteas priacail gairid arna fhormheas ag an gcomhlacht bainistíochta ina ndéantar cur síos gonta ar phróifíl fhoriomlán priacail na hinstitiúide a bhaineann leis an straitéis ghnó; áireofar sa ráiteas sin:

 (i) cóimheasa agus figiúirí ríthábhachtacha ina dtugtar léargas cuimsitheach do pháirtithe leasmhara seachtracha ar an mbainistiú a dhéanann an institiúid ar phriacal, lena n-áirítear an chaoi a ndéantar, le próifíl priacail na hinstitiúide, idirghníomhú leis an lamháltas priacail arna shocrú ag an gcomhlacht bainistíochta;

 (ii) Faisnéis ar idirbhearta inghrúpa agus idirbhearta le páirtithe gaolmhara a bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ar phróifíl priacail an ghrúpa chomhdhlúite.

2. Déanfaidh institiúidí an fhaisnéis seo a leanas a nochtadh maidir le socruithe rialachais:

(a) líon na stiúrthóireachtaí arna sealbhú ag comhaltaí an chomhlachta bainistíochta;

▼M8

(b) an beartas earcaíochta chun comhaltaí den chomhlacht bainistíochta a roghnú agus an t-eolas, na scileanna agus an saineolas iarbhír atá acu;

(c) an beartas maidir le héagsúlacht maidir le comhaltaí den chomhlacht bainistíochta a roghnú, na cuspóirí agus aon spriocanna iomchuí a leagtar amach sa bheartas sin, agus a mhéid a baineadh amach na cuspóirí agus na spriocanna sin;

(d) cibé acu atá nó nach bhfuil coiste priacail ar leithligh bunaithe ag an institiúid agus an méid uaireanta ar tháinig an coiste le chéile;

(e) an tuairisc ar an sreabhadh faisnéise maidir le priacal a thugtar don chomhlacht bainistíochta.

*Airteagal 436*

**Raon feidhme chur i bhfeidhm a nochtadh**

Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis seo a leanas maidir le raon feidhme chur i bhfeidhm an Rialacháin seo mar seo a leanas:

(a) ainm na hinstitiúide a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo ina leith;

(b) Réiteach idir na ráitis airgeadais chomhdhlúite arna n-ullmhú i gcomhréir leis an gcreat cuntasaíochta infheidhme agus leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite arna n-ullmhú i gcomhréir leis na ceanglais maidir leis an gcomhdhlúthú rialála de bhun Roinn 2 agus Roinn 3 de Theideal II de Chuid a hAon; déanfar trácht sa réiteach sin ar na difríochtaí idir raon feidhme cuntasaíochta an chomhdhlúthaithe agus raon feidhme rialála an chomhdhlúthaithe agus na heintitis dhlíthiúla a áirítear laistigh de raon feidhme rialála an chomhdhlúthaithe i gcás nach ionann é agus raon feidhme an chomhdhlúthaithe cuntasaíochta; sa trácht ar na heintitis dhlíthiúla a áirítear faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe rialála, cuirfear síos ar mhodh an chomhdhlúthaithe rialála i gcás nach ionann é agus modh an chomhdhlúthaithe cuntasaíochta, cibé acu atá na heintitis sin comhdhlúite go hiomlán nó comhdhlúite go comhréireach nó nach bhfuil agus cibé acu a bhaintear sealúchais sna heintitis sin as cistí dílse nó nach mbaintear;

(c) miondealú ar shócmhainní agus ar dhliteanais na ráiteas airgeadais comhdhlúite arna n-ullmhú i gcomhréir leis na ceanglais maidir leis an gcomhdhlúthú rialála de bhun Roinn 2 agus Roinn 3 de Theideal II de Chuid a hAon, arna miondealú de réir chineál na bpriacal dá dtagraítear faoin gCuid seo;

(d) réiteach lena sainaithnítear príomhfhoinsí na ndifríochtaí idir méideanna an luacha seilbhe sna ráitis airgeadais faoi raon feidhme rialála an chomhdhlúthaithe mar a shainítear é i Roinn 2 agus Roinn 3 de Theideal II de Chuid a hAon agus méid na risíochta a úsáidtear chun críocha rialála; déanfar an réiteach sin a fhorlíonadh le faisnéis cháilíochtúil faoi phríomhfhoinsí na ndifríochtaí;

(e) maidir le risíochtaí ón leabhar trádála agus ón leabhar neamh-thrádála a choigeartaítear i gcomhréir le hAirteagal 34 agus Airteagal 105, miondealú ar na méideanna de chomheilimintí an choigeartaithe luachála stuama de chuid institiúide, de réir chineálacha na bpriacal, agus iomlán na gcomheilimintí ar leithligh do na suíomhanna leabhair trádála agus leabhair neamh-thrádála;

(f) aon bhac praiticiúil nó dlíthiúil ábhartha reatha nó ionchais ar aistriú pras cistí dílse nó aisíoc dliteanas idir an mháthairchuideachta agus a fochuideachtaí;

▼M8

(g) an méid comhiomlán faoinar lú na cistí dílse iarbhír ná mar a theastaíonn i ngach fochuideachta nach bhfuil ar áireamh sa chomhdhlúthú, agus ainm nó ainmneacha fochuideachtaí den sórt sin;

(h) nuair is infheidhme, na himthosca faoina mbaintear úsáid as an maolú dá dtagraítear in Airteagal 7 nó an modh chomhdhlúite aonair a leagtar síos in Airteagal 9.

*Airteagal 437*

**Nochtadh cistí dílse**

Déanfaidh institiúidí an fhaisnéis seo a leanas a nochtadh maidir lena gcistí dílse:

(a) réiteach iomlán ar ítimí de Ghnáthchothromas Leibhéal 1, d'ítimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1, d'ítimí Chaipiteal Leibhéal 2 agus na scagairí agus na hasbhaintí a chuirtear i bhfeidhm maidir le cistí dílse na hinstitiúide de bhun Airteagail 32 go 36, Airteagail 56, 66 agus 79, agus an clár comhardaithe i ráitis airgeadais iniúchta na hinstitiúide;

(b) tuairisc ar na príomhghnéithe d'ionstraimí Gnáthchothromas Leibhéal 1 agus d'ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 agus ionstraimí Chaipiteal Leibhéal 2 arna n-eisiúint ag an institiúid;

(c) téarmaí agus coinníollacha iomlána gach ionstraime de Ghnáthchothromas Leibhéal 1, de Chaipiteal Breise Leibhéal 1 agus de Chaipiteal Leibhéal 2;

(d) nochtadh ar leithligh ar chineál agus ar mhéideanna na nithe seo a leanas:

  (i) gach scagaire stuamachta a chuirtear i bhfeidhm de bhun Airteagail 32 go 35;

  (ii) ítimí a asbhaintear de bhun Airteagal 36, Airteagal 56, Airteagal 66;

  (iii) ítimí nach n-asbhaintear de bhun Airteagail 47, 48, 56, 66 agus 79;

(e) tuairisc ar na srianta go léir a chuirtear i bhfeidhm maidir le ríomh cistí dílse i gcomhréir leis an Rialachán seo agus na hionstraimí, scagairí stuamachta agus na hasbhaintí a bhfuil feidhm ag na srianta sin maidir leo;

(f) míniú cuimsitheach ar an mbonn ar a ríomhtar cóimheasa caipitil i gcás go ríomhtar na cóimheasa caipitil sin ag úsáid eilimintí de chistí dílse arna gcinneadh ar bhonn seachas é sin a leagtar síos sa Rialachán seo.

*Airteagal 437a*

**Cistí dílse agus dliteanais incháilithe a nochtadh**

Nochtfaidh institiúidí atá faoi réir Airteagal 92a nó 92b an fhaisnéis seo a leanas maidir lena gcistí dílse agus lena ndliteanais incháilithe:

(a) comhdhéanamh a gcistí dílse agus a ndliteanas incháilithe; a n-aibíocht agus a bpríomhghnéithe;

(b) dliteanais incháilithe a rangú in ordlathas creidiúnaithe;

▼M8

(c) méid iomlán de gach eisiúint ionstraime dliteanas incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 72b agus méid na n-eisiúintí sin a áirítear ar ítimí de dhliteanais incháilithe laistigh de na teorainneacha a shonraítear in Airteagal 72b(3) agus (4);

(d) méid iomlán dliteanas eisiata dá dtagraítear in Airteagal 72a(2).

*Airteagal 438*

**Ceanglais a nochtadh maidir le cistí dílse agus méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal de**

Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis seo a leanas maidir leis an tslí a bhfuil Airteagal 92 den Rialachán seo agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 73 agus i bpointe (a) d'Airteagal 104(1) de Threoir 2013/36/AE á gcomhlíonadh acu:

(a) achoimre ar a gcur chuige maidir le measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht a gcaipitil inmheánaigh d'fhonn tacú le gníomhaíochtaí reatha agus todhchaí;

(b) méid na gceanglas cistí dílse breise atá bunaithe ar an bpróiseas athbhreithniúcháin maoirseachta dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 104(1) de Threoir 2013/36/AE agus a gcomhdhéanamh i dtéarmaí ionstraimí Gnáthchothromas Leibhéal 1, ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 agus ionstraimí Chaipiteal Leibhéal 2;

(c) arna iarraidh sin don Údarás Inniúil ábhartha, toradh ar an bpróiseas inmheánach measúnaithe ar leordhóthanacht caipitil;

(d) an méid risíochta iomlán atá ualaithe ó thaobh priacal de agus méid iomlán comhfhreagrach na gceanglas cistí dílse a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 92, atá le miondealú faoi na catagóirí priacail éagsúla a leagtar amach i gCuid a Trí agus, nuair is infheidhme, míniú ar an éifeacht ar ríomh na gcistí dílse agus ar mhéideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal de thoradh íosrátaí caipitil a chur i bhfeidhm agus gan ítimí a asbhaint as cistí dílse;

(e) na risíochtaí laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe, na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal de agus na caillteanais ionchasacha ghaolmhara i leith gach catagóire d'iasachtú speisialaithe dá dtagraítear i dTábla 1 d'Airteagal 153(5) agus na risíochtaí laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe agus na méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal de i leith na gcatagóirí de risíochtaí ar chothromas a leagtar amach in Airteagal 155(2);

(f) an luach risíochta agus méid risíochta na n-ionstraimí cistí dílse atá ualaithe ó thaobh priacal de arna sealbhú in aon ghnóthas árachais, aon ghnóthas athárachais nó aon chomhlacht sealbhaithe árachais nach n-asbhaineann na hinstitiúidí as a gcistí dílse i gcomhréir le hAirteagal 49 agus ceanglais chaipitil á ríomh acu ar bhonn aonair, fo-chomhdhlúite nó comhdhlúite;

(g) ceanglas forlíontach na gcistí dílse agus an cóimheas leordhóthanacht chaipitil den ilchuideachta airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 6 de Threoir 2002/87/CE agus le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir nuair a chuirtear modh 1 nó modh 2 a leagtar amach san Iarscríbhinn sin i bhfeidhm;

▼M8

(h) na hathruithe sna méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh an phriacail de sa tréimhse nochta reatha i gcomparáid leis an tréimhse nochta díreach roimhe de thoradh samhlacha inmheánacha a úsáid, lena n-áirítear achoimre ar na príomhspreagthaithe a mhíníonn na hathruithe sin.

*Airteagal 439*

**Risíocht ar phriacal creidmheasa an chontrapháirtí a nochtadh**

Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis seo a leanas maidir lena risíochtaí ar phriacal creidmheasa an chontrapháirtí dá dtagraítear i gCaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí:

(a) tuairisc ar an modheolaíocht a úsáidtear chun teorainneacha inmheánacha le caipiteal agus creidmheas a shannadh do risíochtaí ar chreidmheas an chontrapháirtí, lena n-áirítear na modhanna chun na teorainneacha sin le risíochtaí ar chontrapháirtithe lárnacha a shannadh;

(b) tuairisc ar bheartais a bhaineann le ráthaíochtaí agus maolaitheoirí priacail creidmheasa, amhail na beartais chun comhthaobhacht a aimsiú agus cúlchistí creidmheasa a bhunú;

(c) tuairisc ar bheartais i dtaca le Priacal Ginearálta Comhghaolmhaireachta agus Sainphriacal Comhghaolmhaireachta mar a shainmhínítear in Airteagal 291;

(d) méid na comhthaobhachta a bheadh ar an institiúid a chur ar fáil dá ndéanfaí a rátáil creidmheasa a íosghrádú;

(e) méid na comhthaobhachta leithscartha agus neamh-leithscartha a fhaightear agus a dhéantar a bhreacadh de réir chineál na comhthaobhachta, arna mhiondealú tuilleadh idir comhthaobhacht a úsáidtear d'idirbhearta díorthach agus idirbhearta um maoiniú urrús;

(f) i leith idirbhearta díorthacha, luachanna risíochta roimh agus tar éis éifeacht an mhaolaithe priacail creidmheasa mar a chinntear faoi na modhanna a leagtar amach i Roinn 3 go Roinn 6 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí, cibé modh is infheidhme, agus na méideanna gaolmhara risíochta ar phriacal arna miondealú de réir an mhodha is infheidhme;

(g) i leith idirbhearta maoinithe urrús, luachanna risíochta roimh agus tar éis éifeacht an mhaolaithe priacail creidmheasa mar a chinntear faoi na modhanna a leagtar amach i gCaibidil 4 agus i gCaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí, cibé modh a úsáidtear, agus na méideanna gaolmhara risíochta ar phriacal arna miondealú de réir an mhodha is infheidhme;

(h) luachanna na risíochta tar éis éifeachtaí maolaithe priacail creidmheasa agus na risíochtaí priacail gaolmhara le haghaidh na muirear caipitil maidir le coigeartú luachála creidmheasa, ar leithligh do gach modh mar a leagtar amach i dTeideal VI de Chuid a Trí;

(i) luach na risíochta ar chontrapháirtithe lárnacha agus na risíochtaí gaolmhara priacail laistigh de raon feidhme Roinn 9 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí, ar leithligh do chontrapháirtithe lárnacha cháilitheacha agus neamhcháilitheacha, arna mhiondealú de réir cineálacha risíochtaí;

▼M8

(j) na méideanna barúlacha agus luach cóir idirbhearta díorthach creidmheasa; déanfar idirbhearta díorthach creidmheasa a mhiondealú de réir chineál an táirge; laistigh de gach cineál táirge, déanfar idirbhearta díorthaigh creidmheasa a mhiondealú tuilleadh trí chosaint creidmheasa a cheannaítear agus trí chosaint creidmheasa a dhíoltar;

(k) an meastachán ar alfa i gcás go bhfuair an institiúid an cead ó na húdaráis inniúla chun a meastachán féin ar alfa a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 284(9);

(l) ar leithligh, na nochtuithe a áirítear i bpointe (e) d'Airteagal 444 agus i bpointe (g) d'Airteagal 452;

(m) I leith institiúidí a úsáideann na modhanna a leagtar amach i Ranna 4 go 5 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí, méid a ngnó díorthach laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe mar a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 273a(1) nó (2), de réir mar is infheidhme.

I gcás ina gcuireann banc ceannais Ballstáit cúnamh leachtachta ar fáil, i bhfoirm idirbhearta babhtála comhthaobhachta, féadfaidh an t-údarás inniúil institiúidí a dhíolmhú i leith na gceanglas i bpointí (d) agus (e) den chéad fhomhír, i gcás ina measfaidh an t-údarás inniúil sin go bhféadfadh sé, dá nochtfaí an fhaisnéis dá dtagraítear ansin, go léireofaí go rabhthas tar éis cúnamh leachtachta éigeandála a chur ar fáil. Chun na gcríoch sin, leagfaidh an t-údarás inniúil amach tairseacha iomchuí agus critéir oibiachtúla.

*Airteagal 440*

**Caipiteal maolánach frith-thimthriallach a nochtadh**

Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis seo a leanas faoin tslí atá ag éirí leo an ceanglas maidir le caipiteal maolánach frith-thimthriallach dá dtagraítear i gCaibidil 4 de Theideal VII de Threoir 2013/36/AE a chomhlíonadh:

(a) dáileadh geografach méideanna risíochta a risíochtaí creidmheasa agus méideanna a risíochtaí creidmheasa atá ualaithe ó thaobh priacal a úsáidtear mar bhonn chun a gcaipiteal maolánach frith-thimthriallach a ríomh;

(b) méid an chaipitil mhaolánaigh fhrith-thimthriallaigh atá sainiúil dá n-institiúid.

*Airteagal 441*

**Táscairí a nochtadh a bhfuil tábhacht shistéamach dhomhanda leo**

Nochtfaidh G-SIIanna, ar bhonn bliantúil, luachanna na dtáscairí a úsáidtear chun a scór a chinneadh i gcomhréir le modheolaíocht an tsainaitheantais dá dtagraítear in Airteagal 131 de Threoir 2013/36/AE.

*Airteagal 442*

**Risíochtaí ar phriacal creidmheasa agus ar phriacal caolúcháin a nochtadh**

Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis seo a leanas maidir lena risíochtaí ar phriacal creidmheasa agus ar phriacal caolúcháin:

(a) an raon feidhme agus na sainmhínithe a úsáideann siad chun críocha cuntasaíochta le haghaidh "thar téarma" agus "lagaithe" agus na difríochtaí, más ann dóibh, idir na sainmhínithe ar "thar téarma" agus "mainneachtain" chun críocha cuntasaíochta agus rialála;

▼M8

(b) tuairiscí ar na cineálacha cur chuige agus na modhanna arna nglacadh chun coigeartuithe ar phriacal creidmheasa ginearálta agus sonrach a chinneadh;

(c) faisnéis faoi mhéid agus faoi cháilíocht risíochtaí tuillmheacha, neamhthuillmheacha agus staonta i gcás iasachtaí, urrúis fiachais agus risíochtaí lasmuigh den chlár comhardaithe, lena n-áirítear a lagú carntha, a soláthairtí agus a n-athruithe diúltacha ar an luach cóir de dheasca priacal creidmheasa agus ráthaíochtaí airgeadais a fuarthas;

(d) anailís aosaithe ar chuntasaíocht a dhéanamh ar aon risíochtaí thar téarma;

(e) ollmhéideanna anonn risíochtaí a mhainnigh agus risíochtaí nár mhainnigh, coigeartuithe sonracha carntha agus ginearálta ar an bpriacal creidmheasa, díscríobh carntha ar na risíochtaí sin agus glanmhéideanna anonn agus a leithdháileadh de réir limistéir gheografaigh agus chineál an tionscail agus i gcás iasachtaí, urrúis fiachais agus risíochtaí atá lasmuigh den chlár comhardaithe;

(f) aon athruithe ar ollmhéid risíochtaí a mhainnigh, ar risíochtaí laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe iad, lena n-áirítear, ar a laghad, faisnéis ar chomhardú tosaigh agus deiridh na risíochtaí sin, ollmhéid aon cheann de na risíochtaí sin a cuireadh ar ais faoi stádas neamh-mhainnithe nó faoi réir díscríobh;

(g) an miondealú ar iasachtaí agus ar urrúis fiachais de réir aibíocht iarmhair.

*Airteagal 443*

**Sócmhainní ualaithe agus neamhualaithe a nochtadh**

Nochtfaidh institiúidí faisnéis i leith a sócmhainní ualaithe agus neamhualaithe. Chun na gcríoch sin, bainfidh institiúidí úsáid as glanluach sócmhainní de réir aicme na risíochta a dhéantar a mhiondealú de réir cháilíocht sócmhainní agus méid iomlán den mhéid anonn atá ualaithe nó neamh-ualaithe. I dtaca le faisnéis ar shócmhainní ualaithe agus neamhualaithe a nochtadh, ní nochtfaidh sí cúnamh leachtachta éigeandála arna chur ar fáil ag bainc cheannais.

*Airteagal 444*

**Úsáid an Chur Chuige Chaighdeánaithe a nochtadh**

Institiúidí a ríomhann méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal II de Chuid a Trí, nochtfaidh siad an fhaisnéis seo a leanas maidir le gach ceann de na haicmí risíochta a leagtar amach in Airteagal 112:

(a) ainmneacha na IMCSanna agus MCSanna ainmnithe agus cúiseanna aon athruithe ar na hainmniúcháin sin thar thréimhse an nochta;

(b) aicmí na risíochta a n-úsáidtear gach IMCS agus MCS ina leith;

▼M8

(c) tuairisc ar an bpróiseas a úsáideadh chun rátálacha creidmheasa an eisitheora agus na heisiúna a aistriú anuas ar na hítimí nach bhfuil áirithe sa leabhar trádála;

(d) comhcheangal na rátála seachtraí de gach IMCS nó MCS ainmnithe leis na hualuithe priacail a chomhfhreagraíonn do na céimeanna cáilíochta creidmheasa a leagtar amach i gCaibidil 2 de Theideal II de Chuid a Trí, á chur san áireamh nach gá an fhaisnéis sin a nochtadh i gcás ina gcomhlíonann an institiúid an comhcheangal caighdeánach arna fhoilsiú ag ÚBE;

(e) luachanna na risíochta agus luachanna na risíochta tar éis maolú priacail creidmheasa a bhaineann le gach céim cáilíochta creidmheasa a leagtar amach i gCaibidil 2 de Theideal II de Chuid a Trí, de réir aicme risíochtaí, chomh maith leis na luachanna risíochta sin a asbhaintear as cistí dílse.

*Airteagal 445*

**Risíocht ar phriacal margaidh a nochtadh**

Déanfaidh institiúidí a ríomhann a gceanglais cistí dílse i gcomhréir le pointe (b) agus le pointe (c) d'Airteagal 92(3) na ceanglais sin a nochtadh ar leithligh i gcás gach priacail dá dtagraítear sna pointí sin. De bhreis air sin, déanfar na ceanglais cistí dílse le haghaidh phriacal sonrach an ráta úis de shuíomhanna urrúsúcháin a nochtadh ar leithligh.

*Airteagal 446*

**Bainistíocht priacail oibriúcháin a nochtadh**

Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis seo a leanas faoin mbainistíocht priacail oibriúcháin atá acu:

(a) na cuir chuige chun measúnú a dhéanamh ar cheanglais cistí dílse le haghaidh priacal oibriúcháin dá gcáilíonn an institiúid;

(b) i gcás ina n-úsáideann an institiúid í, tuairisc ar an modheolaíocht a leagtar síos in Airteagal 312(2), lena n-áireofar plé ar na fachtóirí ábhartha inmheánacha agus seachtracha a bhfuiltear á mbreithniú in ardmhodh tomhais na hinstitiúide;

(c) i gcás páirtúsáide, raon feidhme agus cumhdach na modheolaíochtaí éagsúla a úsáidtear.

*Airteagal 447*

**Príomh-mhéadrachtaí a nochtadh**

Nochtfaidh institiúidí na príomh-mhéadrachtaí seo a leanas i bhformáid tábla:

(a) comhdhéanamh na gcistí dílse agus na ceanglais cistí dílse atá acu a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 92;

(b) méid iomlán na risíochta ar phriacal a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 92(3);

(c) i gcás inarb infheidhme, méid agus comhdhéanamh cistí dílse breise a cheanglaítear ar na hinstitiúidí a shealbhú i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 104(1) de Threoir 2013/36/AE;

▼**M8**

(d) An ceanglas maoláin chomhcheangailte a cheanglaítear ar na hinstitiúidí a shealbhú i gcomhréir le Caibidil 4 de Theideal VII de Threoir 2013/36/AE;

(e) a gcóimheas luamhánaithe agus an tomhas iomlán risíochta mar a ríomhtar é i gcomhréir le hAirteagal 429;

(f) an fhaisnéis seo a leanas maidir lena gcóimheas cumhdaigh leachtachta mar a ríomhtar é i gcomhréir leis an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1):

(i) an meán nó na meáin, de réir mar is infheidhme, den chóimheas cumhdaigh leachtachta atá acu ar bhonn na mbarúlacha ag deireadh na míosa le linn an 12 mhí roimhe sin le haghaidh gach ráithe den tréimhse ábhartha nochta;

(ii) meán nó meáin, de réir mar is infheidhme, na sócmhainní leachtacha iomlána, tar éis na caolchorrlaigh ábhartha a chur i bhfeidhm, a áirítear ar an maolán leachtachta de bhun an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1), ar bhonn na mbarúlacha ag deireadh na míosa le linn an 12 mhí roimhe sin le haghaidh gach ráithe den tréimhse ábhartha nochta;

(iii) meáin a n-eis-sreafaí leachtachta, a n-insreafaí leachtachta agus a nglan-eis-sreafaí leachtachta mar a ríomhtar iad de bhun an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1), ar bhonn na mbarúlacha ag deireadh na míosa le linn an 12 mhí roimhe sin le haghaidh gach ráithe den tréimhse ábhartha nochta;

(g) an fhaisnéis seo a leanas i ndáil lena gceanglas glanchistiúcháin chobhsaí mar a ríomhtar é i gcomhréir le Teideal IV de Chuid a Sé:

(i) an cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí ag deireadh gach ráithe den tréimhse ábhartha nochta;

(ii) an glanchistiúchán cobhsaí atá ar fáil ag deireadh gach ráithe den tréimhse ábhartha nochta;

(iii) an glanchistiúchán cobhsaí a cheanglaítear ag deireadh gach ráithe den tréimhse ábhartha nochta;

(h) cóimheasa a gcistí dílse agus a ndliteanas incháilithe agus a gcomhpháirteanna, an t-uimhreoir agus an t-ainmneoir, mar a ríomhtar iad i gcomhréir le hAirteagal 92a agus le hAirteagal 92b agus arna miondealú ar leibhéal gach grúpa imréitigh, i gcás inarb infheidhme.

*Airteagal 448*

**Risíochtaí ar phriacal ráta úis a nochtadh maidir le suíomhanna nach bhfuil sealbhaithe sa leabhar trádála**

1. Ón 28 Meitheamh 2021, nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil seo a leanas faoi na priacail a thiocfaidh as athruithe a d'fhéadfadh teacht ar rátaí úis a mbeadh tionchar acu ar luach eacnamaíoch cothromais agus ar ghlanioncam úis na ngníomhaíochtaí leabhar neamhthrádála atá acu dá dtagraítear in Airteagal 84 agus in Airteagal 98(5) de Threoir 2013/36/AE:

(a) na hathruithe ar luach eacnamaíoch cothromais a ríomhtar faoi na sé chás maoirseachta suaite dá dtagraítear in Airteagal 98(5) de Threoir 2013/36/AE do na tréimhsí nochta reatha agus do na tréimhsí nochta roimhe sin;

▼M8

(b) na hathruithe ar an nglanioncam úis a ríomhtar faoin dá chás maoirseachta suaite dá dtagraítear in Airteagal 98(5) de Threoir 2013/36/AE do na tréimhsí nochta reatha agus do na tréimhsí nochta roimhe sin;

(c) tuairisc ar na príomhthoimhdí paraiméadracha agus samhaltaithe, seachas orthu sin dá dtagraítear i bpointe (b) agus pointe (c) d'Airteagal 98(5a) de Threoir 2013/36/AE a úsáidtear chun athruithe ar luach eacnamaíoch cothromais agus ar ghlanioncam úis a ríomh a cheanglaítear faoi phointe (a) agus faoi phointe (b) den mhír seo;

(d) míniú ar thábhacht na mbeart priacail a nochtar faoi phointí (a) agus (b) den mhír seo agus ar aon athrú suntasach ar na bearta priacail sin ón dáta tagartha nochta roimhe sin;

(e) tuairisc ar an tslí a sainmhíníonn, a dtomhaiseann, a maolaíonn agus a rialaíonn institiúidí priacal rátaí úis ar na gníomhaíochtaí leabhar neamhthrádála atá acu chun chríocha athbhreithniú na n-údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 84 de Threoir 2013/36/AE, lena n-áirítear:

(i) tuairisc ar bhearta priacail sonracha arna n-úsáid ag na hinstitiúidí chun meastóireacht a dhéanamh ar athruithe ar luach eacnamaíoch cothromais atá acu agus ar an nglanioncam úis atá acu;

(ii) tuairisc ar na príomhthoimhdí paraiméadracha agus samhaltaithe a úsáidtear i gcórais thomhaiste inmheánacha na n-institiúidí a bheadh difriúil leis na toimhdí paraiméadracha agus samhaltaithe coiteanna dá dtagraítear in Airteagal 98(5a)(b) de Threoir 2013/36/AE chun críche athruithe a ríomh ar luach eacnamaíoch cothromais agus ar ghlanioncam úis a ríomh a cheanglaítear, lena n-áirítear an réasúnaíocht do na difríochtaí sin;

(iii) tuairisc ar na cásanna suaite rátaí úis arna n-úsáid ag institiúidí chun meastachán a dhéanamh ar phriacal ar na rátaí úis sin;

(iv) éifeacht fáluithe a aithint ar na priacail sin ar rátaí úis, lena n-áirítear fáluithe inmheánacha a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 106(3);

(v) achoimre ar cá mhinice a dhéantar meastóireacht ar na priacail sin ar rátaí úis;

(f) an tuairisc ar an mbainistíocht iomlán priacail agus straitéisí maolaithe i leith na bpriacal sin;

(g) an mheánaibíocht athphraghsála agus an aibíocht phraghsála is faide a shanntar do thaiscí neamhaibíochta.

2. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo, ní bheidh feidhm ag na ceanglais a leagtar amach i bpointe (c) agus pointe (e)(i) go pointe (e)(iv) de mhír 1 den Airteagal seo maidir le hinstitiúidí a úsáideann an mhodheolaíocht chaighdeánaithe nó an cur chuige caighdeánaithe simplithe dá dtagraítear in Airteagal 84(1) de Threoir 2013/36/AE.

▼**M8**

*Airteagal 449*

**Risíocht ar shuíomhanna urrúsúcháin a nochtadh**

Institiúidí a ríomhann méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal i gcomhréir le Caibidil 5 de Theideal II de Chuid a Trí nó ceanglais cistí dílse i gcomhréir le hAirteagal 337 nó Airteagal 338, nochtfaidh siad an fhaisnéis seo a leanas ar leithligh dá ngníomhaíochtaí leabhar trádála agus dá ngníomhaíochtaí leabhar neamhthrádála:

(a) tuairisc ar a gcuid gníomhaíochtaí urrúsúcháin agus ath-urrúsúcháin, lena n-áirítear a gcuspóirí ó thaobh bainistiú priacail agus ó thaobh infheistíochta i dtaca leis na gníomhaíochtaí sin, a ról in idirbhearta urrúsúcháin agus ath-urrúsúcháin, cé acu a úsáideann nó nach n-úsáideann siad an creat urrúsúcháin simplí, trédhearcach agus caighdeánaithe (STC) mar a shainmhínítear i bpointe (10) d'Airteagal 242, agus a mhéid a úsáideann siad idirbhearta urrúsúcháin chun priacal creidmheasa na risíochtaí urrúsaithe a aistriú chuig tríú páirtithe agus, ina theannta sin, tabharfar, i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar leithligh ar a mbeartas aistrithe priacail i leith urrúsú sintéiseach;

(b) na cineálacha priacail ar a mbeidh siad ar ris ina gcuid gníomhaíochtaí urrúsúcháin agus ath-urrúsúcháin de réir leibhéal sinsearachta na suíomhanna urrúsúcháin ábhartha lena ndéanfar idirdhealú idir suíomhanna STC agus neamh-STC agus:

   (i) an priacal arna choinneáil in idirbhearta féintionscanta;

   (ii) an priacal arna ghlacadh i ndáil le hidirbhearta arna dtionscnamh ag tríú páirtithe;

(c) na cuir chuige chun méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh a chuireann siad i bhfeidhm ar a gcuid gníomhaíochtaí urrúsúcháin, lena n-áirítear na cineálacha suíomhanna urrúsúcháin lena mbaineann gach cur chuige agus déanfar idirdhealú idir suíomhanna STC agus neamh-STC;

(d) liosta de SSPEanna a thagann faoi aon cheann de na catagóirí seo a leanas, le tuairisc ar a gcineálacha risíochtaí ar na SSPEanna sin, lena n-áirítear conarthaí díorthach:

   (i) SSPEnna ar a dtagann risíochtaí arna dtionscnamh ag na hinstitiúidí;

   (ii) SSPEnna arna n-urrú ag na hinstitiúidí;

   (iii) SSPEnna agus eintitis dlíthiúla eile a gcuireann na hinstitiúidí seirbhísí a bhaineann le hurrúsúchán ar fáil dóibh sin, amhail seirbhísí bainistíochta nó seirbhísithe sócmhainní nó seirbhísí comhairleacha;

   (iv) SSPEnna a áirítear ar raon feidhme chomhdhlúthú rialála na n-institiúidí;

(e) liosta de na heintitis dhlíthiúla a bhfuil sé nochta ag na hinstitiúidí ina leith gur chuir siad tacaíocht ar fáil i gcomhréir le Caibidil 5 de Theideal II de Chuid a Trí;

(f) liosta de na heintitis dhlíthiúla atá cleamhnaithe leis na hinstitiúidí agus a infheistíonn in urrúsúcháin arna dtionscnamh ag na hinstitiúidí nó i suíomhanna urrúsúcháin arna n-eisiúint ag SSPEnna atá urraithe ag na hinstitiúidí;

▼M8

(g) achoimre ar a mbeartais chuntasaíochta maidir le gníomhaíocht urrúsúcháin, lena n-áirítear idirdhealú idir suíomhanna urrúsúcháin agus ath-urrúsúcháin nuair is iomchuí;

(h) ainmneacha na IMCSanna a úsáidtear i gcomhair urrúsúcháin agus na cineálacha risíochta a n-úsáidtear gach gníomhaireacht ina leith;

(i) i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar Chur Chuige an Mheasúnaithe Inmheánaigh mar a leagtar amach i gCaibidil 5 de Theideal II de Chuid a Trí, lena n-áirítear struchtúr an phróisis mheasúnaithe inmheánaigh agus an gaol idir measúnú inmheánach agus rátálacha seachtracha den IMCS ábhartha arna nochtadh i gcomhréir le pointe (h), na sásraí rialaithe don phróiseas measúnaithe inmheánaigh, lena n-áirítear plé ar neamhspleáchas, ar chuntasacht, agus ar athbhreithniú ar an bpróiseas measúnaithe inmheánaigh, na cineálacha risíochta a gcuirtear an próiseas measúnaithe inmheánaigh i bhfeidhm maidir leo agus na fachtóirí struis a úsáidtear chun leibhéil feabhsaithe creidmheasa a chinneadh;

(j) ar bhonn leithligh, i gcás an leabhair trádála agus neamhthrádála, méid anonn na risíochtaí urrúsúcháin, lena n-áirítear faisnéis ar cé acu a d'aistrigh nó níor aistrigh institiúidí priacal creidmheasa suntasach arna chomhlachú i gcomhréir le hAirteagail 244 agus 245, agus a ngníomhaíonn na hinstitiúidí mar thionscnóir, mar urraitheoir, nó mar infheisteoir ina leith, ar bhonn leithligh i gcás urrúsuithe traidisiúnta agus sintéiseacha, agus i gcás idirbhearta STC agus neamh-STC agus a dhéantar a mhiondealú de réir chineál na risíochtaí urrúsúcháin;

(k) i gcás gníomhaíochtaí an leabhair neamhthrádála, an fhaisnéis seo a leanas:

(i) méid comhiomlán na suíomhanna urrúsúcháin i gcás ina ngníomhaíonn institiúidí mar thionscnóir nó mar urraitheoir agus na ceanglais chaipitil agus sócmhainní gaolmhara atá ualaithe ó thaobh priacal de réir cuir chuige rialála, lena n-áirítear risíochtaí arna n-asbhaint as cistí dílse nó arna n-ualú ó thaobh priacal ag 1 250 %, a mhiondealaítear idir urrúsuithe traidisiúnta agus urrúsuithe sintéiseacha agus idir risíochtaí urrúsúcháin agus athurrúsúcháin, ar bhonn leithligh i gcás suíomhanna STC agus neamh-STC, agus a mhiondealaítear tuilleadh i líon ábhartha bandaí d'ualú priacail nó de cheanglais chaipitil agus de réir an chur chuige arna úsáid chun na ceanglais chaipitil a ríomh;

(ii) méid comhiomlán na suíomhanna urrúsúcháin i gcás ina ngníomhaíonn institiúidí mar infheisteoir nó mar urraitheoir agus na ceanglais chaipitil agus sócmhainní gaolmhara atá ualaithe ó thaobh priacal de réir cuir chuige rialála, lena n-áirítear risíochtaí arna n-asbhaint as cistí dílse nó arna n-ualú ó thaobh priacal ag 1 250 %, a mhiondealaítear idir urrúsuithe traidisiúnta agus urrúsuithe sintéiseacha, idir suíomhanna urrúsúcháin agus suíomhanna athurrúsúcháin, agus idir suíomhanna STC agus neamh-STC, agus a mhiondealaítear a thuilleadh i líon ábhartha bandaí d'ualú priacail nó de cheanglais chaipitil, agus de réir an chur chuige arna úsáid chun na ceanglais chaipitil a ríomh;

(l) i gcás risíochtaí atá urrúsaithe ag an institiúid, méid na risíochtaí ar mainneachtain agus méid na gcoigeartuithe sonracha ar an bpriacal creidmheasa arna ndéanamh ag an institiúid i rith na tréimhse reatha, iad araon arna miondealú de réir chineál na risíochta.

▼M8

*Airteagal 449a*

**Priacail chomhshaoil, shóisialta, agus rialachais (priacail ESG) a nochtadh**

Ón 28 Meitheamh 2022, institiúidí móra a d'eisigh urrúis a ligeadh isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte de chuid aon Bhallstáit, mar a shainmhínítear i bpointe (21) d'Airteagal 4(1) de Threoir 2014/65/AE, nochtfaidh siad faisnéis maidir le priacail ESG, lena n-áirítear priacail fhisiceacha agus priacail aistrithe, mar a shainmhínítear sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 98(8) de Threoir 2013/36/AE.

An fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad mhír, déanfar í a nochtadh ar bhonn bliantúil don chéad bhliain agus faoi dhó sa bhliain ina dhiaidh sin.

*Airteagal 450*

**An beartas luacha saothair a nochtadh**

1. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis seo a leanas, maidir lena mbeartas agus lena gcleachtais i ndáil le luach saothair i leith na gcatagóirí foirne sin a mbíonn tionchar ábhartha ag a gcuid gníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl priacail na n-institiúidí:

(a) faisnéis faoin bpróiseas cinnteoireachta a úsáidtear chun an beartas luacha saothair a chinneadh, agus faoi líon na gcruinnithe freisin arna dtionól ag an bpríomhchomhlacht a bhfuil maoirsiú á dhéanamh aige ar an luach saothair le linn na bliana airgeadais, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, faisnéis faoi chomhdhéanamh agus faoi shainordú an choiste luacha saothair, an sainchomhairleoir seachtrach ar úsáideadh a chuid seirbhísí chun an beartas luacha saothair a chinneadh agus ról na bpáirtithe leasmhara iomchuí;

(b) faisnéis faoin nasc idir pá na foirne agus feidhmíocht na foirne;

(c) na saintréithe deartha is tábhachtaí den chóras luacha saothair, lena n-áirítear faisnéis faoi na critéir a úsáidtear chun feidhmíocht a thomhas agus priacal a choigeartú, beartas iarchurtha agus critéir dílsithe;

(d) na cóimheasa idir luach saothair seasta agus inathraithe a leagtar síos i gcomhréir le pointe (g) d'Airteagal 94(1) de Threoir 2013/36/AE;

(e) faisnéis faoi na critéir feidhmíochta ar a bhfuil an teidlíocht ar scaireanna, ar roghanna nó ar chomhpháirteanna inathraithe de luach saothair bunaithe;

(f) na príomhpharaiméadair agus an réasúnaíocht d'aon scéim comhpháirte athraithí agus aon sochair eile neamhairgid;

(g) faisnéis chomhiomlán chainníochtúil maidir le luach saothair, arna miondealú de réir an réimse gnó;

(h) faisnéis chomhiomlán chainníochtúil maidir le luach saothair, arna miondealú de réir na bainistíochta sinsearaí agus na gcomhaltaí foirne a mbíonn tionchar ábhartha ag a gcuid gníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl priacail na n-institiúidí, ag tabhairt an méid seo a leanas le fios:

▼M8

(i) méideanna an luacha saothair arna mbronnadh don bhliain airgeadais, á ndeighilt idir luach saothair seasta, lena n-áirítear tuairisc ar na comhpháirteanna seasta, agus luach saothair inathraithe, agus líon na dtairbhithe;

(ii) méideanna agus foirmeacha an luacha saothair inathraithe a bhronntar, á ndeighilt idir airgead tirim, scaireanna, ionstraimí atá nasctha le scaireanna agus cineálacha eile don chuid a íoctar roimh ré agus don chuid iarchurtha;

(iii) méideanna luacha saothair iarchurtha a bhronntar do thréimhsí feidhmíochta roimhe seo, á ndeighilt sa mhéid atá le dílsiú sa bhliain airgeadais agus an méid atá le dílsiú sna blianta ina dhiaidh sin;

(iv) méideanna an luacha saothair iarchurtha atá le dílsiú sa bhliain airgeadais ar méideanna iad a íoctar amach le linn na bliana airgeadais, agus a laghdaítear trí choigeartuithe feidhmíochta;

(v) dámhachtainí inathraithe ráthaithe le linn na bliana airgeadais, agus líon thairbhithe na ndámhachtainí sin;

(vi) na scaoilíocaíochtaí a bronnadh i dtréimhsí roimhe seo, a íocadh amach le linn na bliana airgeadais;

(vii) méideanna scaoilíocaíochtaí a bronnadh le linn na bliana airgeadais, á ndeighilt ina n-íocaíochtaí a íoctar roimh ré agus ina n-íocaíochtaí iarchurtha, líon thairbhithe na n-íocaíochtaí sin agus an íocaíocht is airde a dámhadh ar dhuine aonair;

(i) líon na ndaoine aonair atá tar éis luach saothair EUR 1 mhilliún nó níos mó in aghaidh na bliana airgeadais a fháil, i gcás luacha saothair idir EUR 1 mhilliún agus EUR 5 mhilliún arna mhiondealú i mbandaí pá de EUR 500 000 agus i gcás luacha saothair EUR 5 mhilliún agus os a chionn arna mhiondealú i mbandaí pá de EUR 1 mhilliún;

(j) arna iarraidh sin don Bhallstát ábhartha nó don údarás inniúil ábhartha, luach saothair iomlán gach comhalta den chomhlacht bainistíochta nó den bhainistíocht shinsearach;

(k) faisnéis maidir le cibé acu a bhaineann an institiúid tairbhe as maolú nó nach mbaineann a leagtar síos le hAirteagal 94(3) de Threoir 2013/35/AE.

Chun críocha phointe (k) den chéad fhomhír den mhír seo, institiúidí a bhaineann tairbhe as maolú den sórt sin, cuirfidh siad in iúl cibé a bhaineann siad tairbhe as an maolú sin ar bhonn phointe (a) nó pointe (b) d'Airteagal 94(3) de Threoir 2013/36/AE. Cuirfidh siad prionsabail an luacha saothair in iúl freisin a gcuirfidh siad an maolú nó maoluithe i bhfeidhm maidir leo, líon na mball foirne a bhaineann tairbhe as an maolú nó na maoluithe agus an luach saothair iomlán atá acu, á ndeighilt ina luach saothair inathraitheach agus seasta.

2. I gcás institiúidí móra, cuirfear an fhaisnéis chainníochtúil faoi luach saothair chomhlacht comhbhainistíochta na n-institiúidí dá dtagraítear san Airteagal seo ar fáil don phobal, agus idirdhealú á dhéanamh idir comhaltaí feidhmiúcháin agus neamh-fheidhmiúcháin.

▼M8

Comhlíonfaidh institiúidí na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo ar bhealach a bheidh oiriúnach dá méid, dá n-eagrúchán inmheánach agus do chineál, do raon feidhme agus do chastacht a gcuid gníomhaíochtaí agus gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

*Airteagal 451*

**An cóimheas luamhánaithe a nochtadh**

1. Institiúidí atá faoi réir Chuid a Seacht, nochtfaidh siad an fhaisnéis seo a leanas maidir lena gcóimheas luamhánaithe mar a ríomhtar é i gcomhréir le hAirteagal 429 agus an bhainistíocht a dhéanann siad ar an bpriacal luamhánaithe iomarcaigh:

(a) an cóimheas luamhánaithe agus an chaoi a gcuireann na hinstitiúidí Airteagal 499(2) i bhfeidhm;

(b) miondealú ar thomhas na risíochta iomláine dá dtagraítear in Airteagal 429(4), mar aon le réiteach ar thomhas na risíochta iomláine leis an bhfaisnéis ábhartha a nochtar i ráitis airgeadais fhoilsithe;

(c) i gcás inarb infheidhme, méid na risíochtaí arna sainmhíniú i gcomhréir le hAirteagal 429(8) agus Airteagal 429a(1) agus an cóimheas coigeartaithe luamhánaithe mar a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 429a(7);

(d) tuairisc ar na próisis a úsáideadh chun an priacal luamhánaithe iomarcaigh a bhainistiú;

(e) tuairisc ar na fachtóirí a raibh tionchar acu ar an gcóimheas luamhánaithe le linn na tréimhse a dtagraíonn an cóimheas luamhánaithe nochta dó.

2. Nochtfaidh institiúidí creidmheasa forbartha poiblí mar a shainmhínítear in Airteagal 429a(2) an cóimheas luamhánaithe gan an coigeartú ar thomhas na risíochta iomláine a chinntear i gcomhréir le pointe (d) den chéad fhomhír d'Airteagal 429a(1).

3. De bhreis ar phointe (a) agus pointe (b) de mhír 1 den Airteagal seo, nochtfaidh institiúidí móra an cóimheas luamhánaithe agus an miondealú ar thomhas na risíochta iomláine dá dtagraítear in Airteagal 429(4) bunaithe ar na meáin arna ríomh i gcomhréir leis an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 430(7).

*Airteagal 451a*

**Na ceanglais leachtachta a nochtadh**

1. Institiúidí atá faoi réir Chuid a Sé, nochtfaidh siad faisnéis maidir lena gcóimheas cumhdaigh leachtachta, a gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí agus a mbainistíocht priacail leachtachta i gcomhréir leis an Airteagal seo.

([1]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).;

▼**M8**

2. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis seo a leanas maidir lena gcóimheas cumhdaigh leachtachta mar a ríomhtar é i gcomhréir leis an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1):

(a) an meán nó na meáin, de réir mar is infheidhme, den chóimheas cumhdaigh leachtachta atá acu ar bhonn na mbarúlacha ag deireadh na míosa le linn an 12 mhí roimhe sin le haghaidh gach ráithe den tréimhse ábhartha nochta;

(b) meán nó meáin, de réir mar is infheidhme, na sócmhainní leachtacha iomlána, tar éis na caolchorrlaigh ábhartha a chur i bhfeidhm, a áirítear ar an maolán leachtachta de bhun an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1), ar bhonn na mbarúlacha ag deireadh na míosa le linn an 12 mhí roimhe sin le haghaidh gach ráithe den tréimhse ábhartha nochta, agus tuairisc ar chomhdhéanamh an mhaoláin leachtachta sin;

(c) meáin a n-eis-sreafaí leachtachta, a n-insreafaí leachtachta agus a nglan-eis-sreafaí leachtachta mar a ríomhtar iad i gcomhréir leis an gníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 460(1), ar bhonn na mbarúlacha ag deireadh na míosa le linn an 12 mhí roimhe sin le haghaidh gach ráithe den tréimhse ábhartha nochta.

3. Nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis seo a leanas i ndáil lena gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí mar a ríomhtar é i gcomhréir le Teideal IV de Chuid a Sé:

(a) figiúirí dheireadh na ráithe maidir lena gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí a ríomhtar i gcomhréir le Caibidil 2 de theideal IV de Chuid a Sé le haghaidh gach ráithe den tréimhse nochta ábhartha;

(b) léargas ar mhéid an chistiúcháin chobhsaí atá ar fáil a ríomhtar i gcomhréir le Caibidil 3 de Theideal IV de Chuid a Sé;

(c) léargas ar mhéid an chistiúcháin chobhsaí a cheanglaítear, a ríomhtar i gcomhréir le Caibidil 4 de Theideal IV de Chuid a Sé.

4. Nochtfaidh institiúidí na socruithe, na córais, na próisis agus na straitéisí atá curtha i bhfeidhm chun a bpriacal leachtachta a shainaithint, a thomhas, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air i gcomhréir le hAirteagal 86 de Threoir 2013/36/AE.

## TEIDEAL III

## CEANGLAIS CHÁILITHEACHTA CHUN IONSTRAIMÍ NÓ MODHEOLAÍOCHTAÍ ÁIRITHE A ÚSÁID

### *Airteagal 452*

### Nochtadh úsáid an Chur Chuige IRB do phriacal creidmheasa

Déanfaidh institiúidí a ríomhann méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal faoin gCur Chuige IRB an fhaisnéis seo a leanas a nochtadh:

(a) an cead a thugann an t-údarás inniúil don chur chuige nó don aistriú faofa;

▼**M8**

(b) i gcás gach aicme risíochta dá dtagraítear in Airteagal 147, an céatadán de luach iomlán na risíochta do gach aicme risíochta atá faoi réir an Chur Chuige Chaighdeánaithe a leagtar síos i gCaibidil 2 de Theideal II de Chuid a Trí nó faoi réir an Chur Chuige IRB a leagtar síos i gCaibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí, agus don chuid de gach aicme risíochta atá faoi réir plean um fheidhmiú céimneach; i gcás ina bhfuil cead faighte ag institiúidí a LGDanna agus a bhfachtóirí coinbhéartaithe féin a úsáid chun méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh, nochtfaidh siad ar leithligh an céatadán de luach iomlán na risíochta do gach aicme risíochta atá faoi réir an cheada sin;

(c) na sásraí rialaithe do chórais rátála ag na céimeanna éagsúla i bhforbairt, rialuithe agus athruithe na samhla, agus áireofar air sin faisnéis faoin méid seo a leanas:

(i) an gaol idir feidhm an bhainistithe priacail agus feidhm na hiniúchóireachta inmheánaí;

(ii) an t-athbhreithniú ar an gcóras rátála;

(iii) an nós imeachta chun a áirithiú maidir leis an bhfeidhm a bheidh i gceannas ar athbhreithniú a dhéanamh ar na samhlacha, go mbeidh sí neamhspleách ar na feidhmeanna a bheidh freagrach as na samhlacha a fhorbairt;

(iv) an nós imeachta chun go n-áiritheofar cuntasacht na bhfeidhmeanna a bheidh i gceannas ar fhorbairt na samhlacha agus ar athbhreithniú a dhéanamh orthu;

(d) ról na bhfeidhmeanna atá rannpháirteach i bhforbairt, formheas agus aon athruithe a dhéanfar ina dhiaidh sin ar na samhlacha priacail creidmheasa;

(e) raon feidhme agus príomhábhar an tuairiscithe a bhaineann le samhlacha priacail creidmheasa;

(f) tuairisc ar an bpróiseas rátála inmheánaí de réir aicme risíochta, lena n-áirítear líon na bpríomhshamhlacha a úsáidtear i ndáil le gach punann agus plé gearr ar na difríochtaí is mó idir na samhlacha atá laistigh den phunann chéanna, lena gcumhdaítear an méid seo a leanas:

(i) na sainmhínithe, na modhanna agus na sonraí chun meastachán agus bailíochtú a dhéanamh ar PD, lena n-áireofar faisnéis faoin gcaoi a ndéantar meastachán ar PDanna do phunanna ísealmhainneachtana, cé acu atá nó nach bhfuil íosrátaí rialála ann agus na spreagthaí le haghaidh difríochtaí a thugtar faoi deara idir PD agus rátaí mainneachtana iarbhír ar a laghad le haghaidh na dtrí thréimhse dheireanacha;

(ii) i gcás inarb infheidhme, na sainmhínithe, na modhanna agus na sonraí chun meastachán agus bailíochtú a dhéanamh ar LGD, amhail modhanna chun LGD géarchoir a ríomh, conas a dhéantar meastachán ar LGDanna do phunanna ísealmhainneachtana agus an t-achar ama idir an teagmhas mainneachtana agus dúnadh na risíochta;

(iii) i gcás inarb infheidhme, na sainmhínithe, na modhanna agus na sonraí chun meastachán agus bailíochtú a dhéanamh ar na fachtóirí coinbhéartaithe creidmheasa, lena n-áirítear na toimhdí a úsáidtear chun na hathróga sin a dhíorthú;

▼M8

(g) de réir mar is infheidhme, an fhaisnéis seo a leanas maidir le gach aicme risíochta dá dtagraítear in Airteagal 147:

(i) a n-oll-risíocht laistigh den chlár comhardaithe;

(ii) a luachanna risíochta lasmuigh den chlár comhardaithe roimh an bhfachtóir coinbhéartaithe ábhartha;

(iii) a risíocht tar éis an fachtóir coinbhéartaithe ábhartha agus an maolú priacail creidmheasa a chur i bhfeidhm;

(iv) aon samhailpharaiméadar nó samhail-ionchur is ábhartha chun an t-ualú priacail a thuiscint agus méideanna na risíochta ar phriacal a leanann as, a nochtar thar líon leordhóthanach de ghráid oibleagáideora (lena n-áirítear mainneachtain) chun go bhféadtar an priacal creidmheasa a dhifreáil go fóinteach;

(v) ar leithligh do na haicmí risíochta sin a bhfuair institiúidí cead ina leith a LGDanna agus a bhfachtóirí coinbhéartaithe féin a úsáid chun méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh, agus do risíochtaí nach n-úsáideann na hinstitiúidí meastacháin den sórt sin ina leith, na luachanna dá dtagraítear i bpointí (i) go (iv) faoi réir an cheada sin;

(h) meastacháin na n-institiúidí ar PDanna maidir le dóchúlacht mainneachtana i gcomparáid leis an ráta mainneachtana iarbhír do gach aicme risíochta le linn tréimhse níos faide, agus nochtadh ar leithligh a dhéanamh ar raon na dóchúlachta mainneachtana, ar choibhéis na rátála seachtraí, ar mheán ualaithe agus ar mheán uimhríochtúil na dóchúlachta mainneachtana, ar líon na n-oibleagáideoirí ag deireadh na bliana roimhe sin agus ag deireadh na bliana atáthar a athbhreithniú, ar líon na bhféichiúnaithe a mhainnigh, lena n-áirítear na hoibleagáideoirí nua a mhainnigh, agus ar an meánráta bliantúil stairiúil mainneachtana.

Chun críocha phointe (b) den Airteagal seo, bainfidh institiúidí úsáid as an luach risíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 166.

*Airteagal 453*

**Nochtadh úsáid teicnící um maolú priacail creidmheasa**

Nochtfaidh institiúidí a úsáideann teicnící um maolú priacail creidmheasa an fhaisnéis seo a leanas:

(a) croíghnéithe na mbeartas agus na bpróiseas don ghlanluacháil laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe agus léiriú ar a mhéid a bhaineann institiúidí úsáid as glanluacháil den sórt sin;

(b) croíghnéithe na mbeartas agus na bpróiseas le haghaidh meastóireacht agus bainistíocht chomhthaobhach incháilithe;

(c) tuairisc ar na príomhchineálacha comhthaobhachta arna nglacadh ag an institiúid chun an priacal creidmheasa a mhaolú;

▼M8

(d) i gcás ráthaíochtaí agus díorthach creidmheasa a úsáidtear mar chosaint chreidmheasa, na príomhchineálacha ráthóirí agus contrapháirtithe díorthach creidmheasa, agus a n-acmhainneacht creidmheasa, a úsáidtear chun ceanglais chaipitil a laghdú, cé is moite de na cinn a úsáidtear mar chuid de struchtúir urrúsúcháin shintéiseacha;

((e) faisnéis faoi chomhchruinnithe margaidh nó priacal creidmheasa laistigh den mhaolú priacal creidmheasa a glacadh;

(f) i gcás institiúidí a ríomhann méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal faoin gCur Chuige Caighdeánaithe nó faoin gCur Chuige IRB, luach iomlán na risíochta nach bhfuil cumhdaithe ag aon chosaint chreidmheasa incháilithe agus luach iomlán na risíochta atá cumhdaithe ag cosaint chreidmheasa incháilithe tar éis coigeartuithe luaineachta a chur i bhfeidhm; Déanfar an nochtadh a leagtar amach sa phointe seo ar leithligh i gcás iasachtaí agus urrúis fiachais agus áireofar miondealú ar risíochtaí mainnithe;

(g) an fachtóir coinbhéartaithe comhfhreagrach agus an maolú priacail creidmheasa a bhaineann leis an risíocht agus úsáid na dteicnící um maolú priacail creidmheasa, ag cur na héifeachta ionadaíochta san áireamh agus gan í a chur san áireamh;

(h) i gcás institiúidí a dhéanann méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal de a ríomh faoin gCur Chuige Caighdeánaithe, an luach risíochta laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe de réir na haicme risíochta sula ndéantar, agus a ndéanfar, fachtóirí coinbhéartaithe agus aon mhaolú gaolmhar priacal creidmheasa a chur i bhfeidhm;

(i) i gcás institiúidí a ríomhann méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal faoin gCur Chuige Caighdeánaithe, an méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal agus an cóimheas idir an méid risíochta sin atá ualaithe ó thaobh priacal agus luach na risíochta tar éis an fachtóir coinbhéartaithe comhfhreagrach agus an maolú priacail creidmheasa a bhaineann leis an risíocht a chur i bhfeidhm; déanfar an nochtadh a leagtar amach sa phointe seo ar leithligh i gcás gach aicme risíochta;

(j) i gcás institiúidí a ríomhann méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal faoin gCur Chuige Inmheánach bunaithe ar Rátálacha, an méid risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal sula n-aithnítear tionchar an mhaolaithe priacail creidmheasa ar dhíorthaigh chreidmheasa agus dá éis; i gcás ina bhfuil cead faighte ag institiúidí a LGDanna agus a bhfachtóirí coinbhéartaithe féin a úsáid chun méideanna risíochta atá ualaithe ó thaobh priacal a ríomh, déanfaidh siad an nochtadh a leagtar amach sa phointe seo ar leithligh i gcás na n-aicmí risíochta atá faoi réir an cheada sin.

*Airteagal 454*

**Nochtadh úsáid Ardmhodhanna Tomhais i leith priacal oibriúcháin**

Na hinstitiúidí a úsáideann na hArdmhodhanna Tomhais a leagtar amach in Airteagail 321 go 324 chun a gceanglais cistí dílse le haghaidh priacal oibriúcháin a ríomh, nochtfaidh siad tuairisc ar an úsáid a bhaineann siad as árachais agus as sásraí aistrithe priacail eile ar mhaithe leis an bpriacal sin a mhaolú.

▼M8

*Airteagal 455*

**Samhlacha inmheánacha um priacal margaidh a úsáid**

Déanfaidh institiúidí a ríomhann a gcuid ceanglas caipitil i gcomhréir le hAirteagal 363 an fhaisnéis seo a leanas a nochtadh:

(a) maidir le gach fophunann atá cumhdaithe:

(i) saintréithe na samhlacha a úsáideadh;

(ii) i gcás inarb infheidhme, i gcás na samhlacha inmheánacha do phriacal incriminteach mainneachtana agus maolaithe agus i gcás trádála comhghaoil, na modheolaíochtaí a úsáideadh agus na priacail arna dtomhas trí úsáid a bhaint as samhail inmheánach lena n-áirítear tuairisc ar an gcur chuige a d'úsáid an institiúid chun tréimhsí leachtachta a chinneadh, na modheolaíochtaí a úsáideadh chun measúnú caipitil a bhaint amach atá comhsheasmhach leis an gcaighdeán iontaofachta a theastaíonn agus na cineálacha cur chuige a úsáideadh chun an tsamhail a bhailíochtú;

(iii) tuairisc ar an tástáil struis a cuireadh i bhfeidhm ar an bhfophunann;

(iv) tuairisc ar na cineálacha cur chuige a úsáideadh chun cruinneas agus comhsheasmhacht na samhlacha inmheánacha agus na bpróiseas samhaltaithe a iar-thástáil agus a bhailíochtú;

(b) raon feidhme chead an údaráis inniúil;

(c) tuairisc ar mhéid agus ar na modheolaíochtaí chun na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 104 agus Airteagal 105 a chomhlíonadh;

(d) an tomhas is airde, is ísle agus an meán díobh seo a leanas:

(i) na tomhais laethúla ar luach faoi phriacal in imeacht na tréimhse tuairiscithe agus ag deireadh na tréimhse tuairiscithe;

(ii) na tomhais struis ar an luach faoi phriacal in imeacht na tréimhse tuairiscithe agus ag deireadh na tréimhse tuairiscithe;

(iii) líon na bpriacal maidir le priacal incriminteach mainneachtana agus maolaithe agus maidir le priacal sonrach na punainne trádála comhghaoil in imeacht na tréimhse tuairiscithe agus ag deireadh na tréimhse tuairiscithe;

(e) eilimintí an cheanglais cistí dílse mar a shonraítear iad in Airteagal 364;

(f) an mheántréimhse leachtachta ionchasach ualaithe do gach fophunann a chumhdaítear leis na samhlacha inmheánacha maidir le priacal incriminteach mainneachtana agus maolaithe agus maidir le trádáil chomhghaoil;

▼M8

(g) comparáid idir na tomhais laethúla ar luach faoi phriacal ag deireadh an lae agus na hathruithe lá amháin ar luach na punainne faoi dheireadh an lae gnó ina dhiaidh sin mar aon le hanailís ar aon róluaineacht thábhachtach i rith na tréimhse tuairiscithe.

▼B

CUID A NAOI

**GNÍOMHARTHA TARMLIGTHE AGUS GNÍOMHARTHA CUR CHUN FEIDHME**

*Airteagal 456*

**Gníomhartha tarmligthe**

1. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 462, maidir leis na gnéithe seo a leanas:

(a) soiléiriú ar na sainmhínithe atá leagtha amach in Airteagail 4, 45, 142, 153, 192, 242, 272, 300, 381agus 411 d'fhonn cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Rialacháin sin a áirithiú.

(b) soiléiriú ar na sainmhínithe atá leagtha amach in Airteagail 4, 45, 142, 153, 192, 242, 272, 300, 381 agus 411 d'fhonn forbairtí ar mhargaí airgeadais a chur san áireamh, le linn chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(c) leasú ar an liosta d'aicmí na risíochta in Airteagal 112 agus Airteagal 147 d'fhonn forbairtí ar mhargaí airgeadais a chur san áireamh;

(d) an méid a shonraítear i bpointe c d'Airteagal 123, Airteagal 147(5)(a), Airteagal 153(4) agus Airteagal 162(4), chun éifeachtaí boilscithe a chur san áireamh;

(e) liosta agus aicmiú na n-ítimí sin atá lasmuigh den chlár comhardaithe in Iarscríbhinn I agus II, d'fhonn forbairtí ar mhargaí airgeadais a chur san áireamh:

▼M9

__________

▼B

(h) leasú ar cheanglais chistí dílse mar a leagtar amach in Airteagal 301 go hAirteagal 311 den Rialachán seo iad agus Airteagail 50a go 50d de Rialachán (AE) 648/2012 agus leis na forbairtí nó na leasuithe a dhéanfar ar na caighdeáin idirnáisiúnta do risíochtaí ar chontrapháirtí lárnach;

(i) soiléiriú ar na téarmaí dá dtagraítear sna díolúintí dá bhforáiltear in Airteagal 400;

▼B

(j) leasú ar an tomhas caipitil agus ar thomhas na risíochta iomláine ar an gcóimheas luamhánaithe dá dtagraítear in Airteagal 429(2) d'fhonn aon easnamh a aimsíodh a cheartú ar bhonn an tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 430(1) sula gcaithfidh institiúidí an cóimheas luamhánaithe a fhoilsiú mar atá leagtha amach in Airteagal 451(1)(a);

▼M8

(k) leasuithe ar na ceanglais maidir le nochtadh a leagtar síos i dTeideal II agus Teideal III de Chuid a hOcht d'fhonn forbairtí nó leasuithe ar na caighdeáin idirnáisiúnta maidir le nochtadh a chur san áireamh.

▼B

2. Déanfaidh ÚBE faireachán ar na ceanglais chistí dílse do priacal coigeartaithe luachála creidmheasa agus tíolacfaidh sé tuarascail don Choimisiún faoin 1 Eanáir 2015. Is é seo a leanas, go háirithe, a mheasfar sa tuarascáil sin:

(a) láimhseáil priacal a bhaineann le coigeartú luachála creidmheasa mar mhuirear neamhspleách seachas mar ghné chomhdhlúite den chreat priacal margaidh

(b) raon feidhme an mhuirir priacal $C_{VA}$lena n-áirítear an díolúine in Airteagal 482;

(c) fálú incháilithe;

(d) ceanglais chaipitil ó thaobh priacal $C_{VA}$ a ríomh;

Ar bhonn na tuarascála sin agus i gcás ina gcinntear gur gá sin a dhéanamh, tabharfar de chumhacht freisin don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 462 chun Airteagal 381, 382(1)(4) go (3) agus Airteagal 383 go hAirteagal 386 a leasú maidir leis na hítimí sin.

*Airteagal 457*

**Coigeartuithe teicniúla agus ceartuithe teicniúla**

Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 462, chun coigeartú teicniúil agus ceartuithe teicniúla a dhéanamh ar eilimintí neamhriachtanacha sna forálacha seo a leanas d'fhonn forbairtí nua maidir le táirgí nua airgeadais nó maidir le gníomhaíochtaí nua airgeadais a chur san áireamh d'fhonn coigeartuithe a dhéanamh lena gcuirfear forbairtí san áireamh tar éis an Rialachán seo a ghlacadh i ngníomhartha reachtacha eile de chuid an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais agus cuntasaíocht, lena n-áirítear caighdeáin chuntasaíochta bunaithe ar Rialachán Uimh. (AE) 1606/2002:

(a) na ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal creidmheasa a leagtar síos in Airteagail 111 go 134, agus in Airteagail 143 go 191;

(b) na héifeachtaí atá ag maolú priacal creidmheasa i gcomhréir le hAirteagail 193 go 241;

▼M5

(c) na ceanglais cistí dílse maidir le hurrúsú a leagtar síos in Airteagal 242 go hAirteagal 270a;

▼B

(d) na ceanglais cistí dílse maidir le priacail creidmheasa an chontrapháirtí i gcomhréir le hAirteagail 272 go 311;

(e) na ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal oibriúcháin a leagtar síos in Airteagail 315 go 324;

(f) na ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal margaidh a leagtar síos in Airteagail 325 go 377;

(g) na ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal socraíochta a leagtar síos in Airteagal 378 agus Airteagal 379;

(h) na ceanglais cistí dílse le haghaidh coigeartú luachála creidmheasa a leagtar síos in Airteagail 383, 384 agus 386;

▼M8

(i) Cuid a Dó agus Airteagal 430 amháin de thoradh ar fhorbairtí sna caighdeáin chuntasaíochta nó sna ceanglais lena gcuirtear gníomhartha reachtacha an Aontais san áireamh;

▼B

*Airteagal 458*

**Priacal macrastuamachta nó sistéamach arna shainiú ar leibhéal an Bhallstáit**

1. Ainmneoidh na Ballstáit an t-údarás atá i bhfeighil ar an Airteagal seo a chur i bhfeidhm. Is é an t-údarás inniúil nó an t-údarás ainmnithe a bheidh i gceist leis an údarás sin.

▼M8

2. I gcás ina sainaithníonn an t-údarás arna ainmniú i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo athruithe maidir le déine an phriacail shistéamaigh nó an phriacail macrastuamachta sa chóras airgeadais a d'fhéadfadh iarmhairtí tromchúiseacha diúltacha a bheith acu ar an gcóras airgeadais agus ar an ngeilleagar iarbhír i mBallstát sonrach a measfaidh an t-údarás sin nach bhféadfar aghaidh a thabhairt orthu trí bhíthin uirlisí macrastuamachta eile, ar uirlisí iad a leagtar amach sa Rialachán seo agus i dTreoir 2013/36/AE, chomh héifeachtach céanna agus a fhéadfar trí bhearta náisiúnta níos doichte a chur chun feidhme, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún agus do BERS. Cuirfidh BERS an fógra ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig ÚBE gan mhoill.

Beidh na doiciméid seo a leanas ag gabháil leis an bhfógra sin agus cuimseofar ann, i gcás inarb iomchuí, fianaise ábhartha, bíodh sí cainníochtúil nó cáilíochtúil, faoin méid seo a leanas:

(a) athruithe maidir le déine an phriacail shistéamaigh nó an phriacail macrastuamachta;

(b) na cúiseanna a bhféadfadh athruithe den chineál sin bagairt a dhéanamh ar chobhsaíocht airgeadais ar leibhéal náisiúnta nó ar an ngeilleagar iarbhír;

(c) míniú ar an bhfáth a measann an t-údarás nach mbeadh na huirlisí macrastuamachta a leagtar amach in Airteagal 124 agus Airteagal 164 den Rialachán seo agus in Airteagal 133 agus Airteagal 136 de Threoir 2013/36/AE chomh hoiriúnach agus chomh héifeachtach agus a bheadh na dréachtbhearta náisiúnta dá dtagraítear i bpointe (d) den mhír seo chun dul i ngleic leis na bpriacal sin;

▼M8

(d) na dréachtbhearta náisiúnta d'institiúidí atá údaraithe sa bhaile, nó fothacar de na hinstitiúidí sin, chun na hathruithe i ndéine an phriacail agus na hathruithe lena mbaineann an méid a leanas a mhaolú:

(i) leibhéal na gcistí dílse atá leagtha síos in Airteagal 92;

(ii) na ceanglais i gcomhair risíochtaí móra a leagtar síos in Airteagal 392 agus in Airteagal 395 go 403;

(iii) ceanglais maidir le leachtacht a leagtar síos i gCuid a Sé;

(iv) ualuithe priacail chun díriú ar bholgáin sócmhainní in earnáil na maoine cónaithí agus na maoine tráchtála dochorraithe;

(v) na ceanglais maidir le nochtadh poiblí a leagtar síos i gCuid a hOcht;

(vi) leibhéal an an mhaoláin chaomhnaithe mar a leagtar síos in Airteagal 129 de Threoir 2013/36/AE é; nó

(vii) risíochtaí inearnála airgeadais;

(e) míniú ar an bhfáth a measann na húdaráis a ainmníodh i gcomhréir le mír 1 go bhfuil na dréachtbhearta sin oiriúnach, éifeachtach agus comhréireach chun aghaidh a thabhairt ar an gcás; agus

(f) measúnú ar thionchar dóchúil dearfach nó diúltach na ndréachtbheart ar an margadh aonair bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil don Bhallstát lena mbaineann.

▼B

3. Nuair atá siad údaraithe bearta náisiúnta a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an Airteagal seo, cuirfidh na húdaráis a dhearbhaítear i gcomhréir le mír 1 gach fáisnéis ábhartha ar fáil do na húdaráis inniúla ábhartha nó na húdaráis ainmnithe sna Ballstáit eile.

▼M8

4. Déantar an chumhacht gníomh cur chun feidhme a ghlacadh chun diúltú do na dréachtbhearta náisiúnta atá molta agus dá dtagraítear i bpointe (d) de mhír 2 a thabhairt don Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, ar thogra ón gCoimisiún.

Faoi cheann mí amháin tar éis dóibh an fógra dá dtagraítear i mír 2 a fháil, cuirfidh BERS agus ÚBE a dtuairimí maidir leis na hábhair dá dtagraítear i bpointí (a) go (f) den mhír sin chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit lena mbaineann.

Agus na tuairimí dá dtagraítear sa dara fomhír á gcur san áireamh go hiomlán agus i gcás ina mbeidh fianaise stóinseach, láidir, mionsonraithe ann go mbeidh tionchar diúltach ag an mbeart ar an margadh inmheánach a sháróidh na buntáistí a bheidh ann i leith na cobhsaíochta airgeadais de dhroim laghdú sna priacail macrastuamachta nó shistéamacha a shainaithnítear, féadfaidh an Coimisiún, laistigh de mhí amháin, gníomh cur chun feidhme a mholadh don Chomhairle chun diúltú do na dréachtbhearta náisiúnta atá molta.

▼M8

Mura dtíolacfaidh an Coimisiún togra laistigh den tréimhse míosa amháin sin, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann na dréachtbhearta náisiúnta a ghlacadh láithreach ar feadh tréimhse suas go dtí dhá bhliain nó go dtí go mbeidh deireadh leis an bpriacal macrastuamachta nó sistéamach más luaithe a tharlaíonn sin.

Déanfaidh an Chomhairle cinneadh maidir leis an togra ón gCoimisiún laistigh de mhí amháin tar éis an togra a fháil agus sonróidh sí na cúiseanna atá aici leis na dréachtbhearta náisiúnta a dhiúltú nó gan iad a dhiúltú.

Ní dhiúltóidh an Chomhairle do na dréachtbhearta náisiúnta a mholfar ach i gcás ina measfaidh sí nár comhlíonadh ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha seo a leanas:

(a) gur de chineál iad na hathruithe i ndéine an phriacail macrastuamachta nó shistéamaigh go bhféadfadh priacal eascairt astu do chobhsaíocht airgeadais ar an leibhéal náisiúnta;

(b) níl na huirlisí macrastuamachta a leagtar amach sa Rialachán seo agus i dTreoir 2013/36/AE chomh hoiriúnach ná chomh héifeachtach agus atá na dréachtbhearta náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar an bpriacal macrastuamachta nó ar an bpriacal sistéamach a shainaithneofar;

(c) nach n-éireoidh, as na dréachtbhearta náisiúnta sin, éifeachtaí díobhálacha díréireacha don chóras airgeadais i bpáirt nó ina iomláine i mBallstáit eile nó de chuid an Aontais ina iomláine, ar éifeachtaí iad lena bhfoirmeofaí nó lena gcruthófaí, ar an gcaoi sin, constaic i gcoinne fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh; agus

(d) nach mbaineann an tsaincheist ach le Ballstát amháin.

Tabharfar ar aird i measúnú na Comhairle tuairim BERS agus ÚBE agus beidh sé bunaithe ar fhianaise arna cur i láthair i gcomhréir le mír 1 ag an údarás a ainmníodh i gcomhréir le mír 1.

In éagmais gníomh cur chun feidhme ón gComhairle chun diúltú do na dréachtbhearta náisiúnta atá á moladh, faoi cheann mí amháin tar éis don Choimisiún an togra a fháil, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann na bearta a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm ar feadh tréimhse suas le dhá bhliain nó go dtí go mbeidh deireadh leis an bpriacal macrastuamachta nó sistéamach más luaithe a tharlaíonn sin.

5. Féadfaidh Ballstáit eile na bearta a glacadh i gcomhréir leis an Airteagal seo a aithint agus a chur i bhfeidhm maidir le hinstitiúidí atá údaraithe sa bhaile, a bhfuil brainsí nó risíochtaí acu atá lonnaithe sa Bhallstát ina n-údaraítear an beart a chur i bhfeidhm.

▼B

6. Sa chás ina n-aithníonn na Ballstáit na bearta a shocraítear i gcomhréir leis an Airteagal seo, tabharfaidh siad fógra don Chomhairle, don Choimisiún, do ÚBE, do BERS agus don Bhallstát a bhfuil údar aige na bearta a chur i bhfeidhm.

7. Agus cinneadh á dhéanamh aige an aithneoidh sé na bearta a shocraítear i gcomhréir leis an Airteagal seo nó nach n-aithneoidh sé iad, cuirfidh an Ballstát na critéir a leagtar amach i mír 4 san áireamh.

8. Féadfaidh an Ballstát a bhfuil údar aige na bearta a chur i bhfeidhm iarraidh ar BERS moladh a eisiúint dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 do cheann amháin nó níos mó de na Ballstáit nach dtugann aitheantas do na bearta.

▼M8

9. Roimh dhul in éag don údarú a eisítear i gcomhréir le mír 4, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann athbhreithniú ar an gcás, i gcomhairliúchán le BERS agus le ÚBE, agus féadfaidh sé cinneadh nua a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear i mír 2 chun síneadh a chur leis an tréimhse ina gcuirfear bearta náisiúnta i bhfeidhm suas le dhá bhliain bhreise gach uair. Tar éis an chéad sínidh, déanfaidh an Coimisiún, i gcomhairle le BERS agus ÚBE, an cás a athbhreithniú gach dhá bhliain, ar a laghad, ina dhiaidh sin.

10. D'ainneoin an nós imeachta a leagtar amach i mír 3 go 9 den Airteagal seo, ceadófar do na Ballstáit na hualaí priacail a mhéadú thar na cinn dá bhforáiltear sa Rialachán seo suas go 25 %, i gcás na risíochtaí sin a shainaithnítear i bpointí (d)( iv) agus (d)(vii) de mhír 2 den Airteagal seo agus an teorainn risíochta mhóir dá bhforáiltear in Airteagal 395 a dhoimhniú suas go 15 % ar feadh tréimhse suas go dhá bhliain nó go dtí go scoirfidh an priacal macrastuamachta nó sistéamach a bheith ann má tharlaíonn sin níos luaithe, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha agus na ceanglais maidir le fógra a thabhairt a leagtar síos i mír 2 den Airteagal seo.

▼B

*Airteagal 459*

**Ceanglais stuamachta**

1. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 462, chun ceanglais níos déine stuamachta a fhorchur, ar feadh tréimhse bliana, maidir le risíochtaí nuair is gá sin chun aghaidh a thabhairt ar athruithe maidir le déine na priacail micreastuamachta agus macrastuamachta a eascraíonn ó fhorbairtí margaidh san Aontas nó taobh amuigh den Aontas a bhfuil tionchar acu ar na Bhallstáit go léir, agus nach bhfuil ionstraimí an Rialacháin sin ná Treoir 2013/36/AE leordhóthanach chun aghaidh a thabhairt ar na priacail sin, go háirithe ar mholadh nó tuairim ó BERS nó ÚBE, maidir leis an méid a leanas:

(a) leibhéal na gcistí dílse atá leagtha síos in Airteagal 92;

(b) na ceanglais i gcomhair risíochtaí móra atá leagtha síos in Airteagal 392 agus in Airteagal 395 go 403

(c) na ceanglais maidir le nochtadh poiblí atá leagtha síos in Airteagal 431 go 455.

Cuirfidh an Coimisiún i gcomhair le BERS, ar bhonn bliantúil ar a laghad, tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, maidir le forbairtí margaidh óna bhféadfadh úsáid Airteagal 443B a bheith ag teastáil.

*Airteagal 460*

**Leachtacht**

▼M8

1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí ghníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 462 d'fhonn mionsonrú a thabhairt ar an gceanglas ginearálta a leagtar amach in Airteagal 412(1). Is ar na hítimí atá le tuairisciú i gcomhréir le Teideal II de Chuid a Sé agus le hIarscríbhinn III a bhunófar gníomhartha tarmligthe a ghlacfar i gcomhréir leis an mír seo, agus sonrófar ann na cúinsí faoina mbeidh ar údaráis inniúla leibhéil shonracha insreibhe nó eis-sreibhe a fhorchur ar institiúidí d'fhonn priacail shainiúla ar a bhfuil siad ar ris a ghabháil agus a urramófar leis na tairseacha a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo.

▼M8

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí ghníomhartha tarmligthe a ghlacadh ina sonraítear na ceanglais leachtachta mhionsonraithe chun críocha chur i bhfeidhm Airteagal 8(3), Airteagail 411 go 416, Airteagal 419, Airteagal 422, Airteagal 425, Airteagal 428a, Airteagal 428f, Airteagal 428g, Airteagal 428j go 428n, Airteagal 428p, Airteagal 428r, Airteagal 428s, Airteagal 428w, Airteagal 428ae, Airteagal 428ag, Airteagal 428ah, Airteagal 428ak agus Airteagal 451a.

▼B

2. Tabharfar isteach an ceanglas maidir lecumhdach leachtachta dá dtagraítear in Airteagal 412 i gcomhréir leis an gcéimniú isteach seo a leanas:

(a) 60 % den cheanglas maidir le cumhdach leachtachta in 2015;

(b) 70 % amhail ón 1 Eanáir 2016;

(c) 80 % amhail ón 1 Eanáir 2017;

(d) 100 % amhail ón 1 Eanáir 2018.

Chun na críche sin, déanfaidh an Coimisiún na tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 509(1) agus Airteagal 509(3) agus caighdeáin idirnáisiúnta atá forbartha ag fóraim idirnáisiúnta mar aon le sonraíochtaí an Aontais a chur san áireamh.

Déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 1 a ghlacadh faoin 30 Meitheamh 2014. Tiocfaidh sé i bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2014, ach ní bheidh feidhm aige roimh an 1 Eanáir 2015.

▼M8

3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún an Rialachán seo a leasú trí ghnímh tharmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 462 chun an liosta táirgí nó seirbhísí a leagtar amach in Airteagal 428f(2) a leasú i gcás ina measfaidh sé go gcomhlíonann sócmhainní agus dliteanais a bhfuil baint dhíreach acu le táirgí nó seirbhísí eile na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 428f(1).

Déanfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh faoin 28 Meitheamh 2024.

▼B

*Airteagal 461*

**Athbhreithniú ar an gceanglas maidir le cumhdach leachtachta.a chéimniú isteach**

1. Tabharfaidh ÚBE, tar éis dul i gcomhairle le BERS, tuarascáil don Choimisiún faoin 30 Meitheamh 2016 maidir le cé acu ar cheart céimniú isteach an cheanglais maidir le cumhdach leachtachta mar a shonraítear in Airteagal 460(1a) é a leasú. San anailís sin, tabharfar aird chuí ar a bhfuil ag titim amach sa mhargadh agus ó thaobh na rialála idirnáisiúnta agus ar shonraíochtaí an Aontais.

Sa tuarascáil ón ÚBE, déanfar measúnú go háirithe ar thabhairt isteach iarchurtha an íoschaighdeáin cheangailtigh 100 %, go dtí an 1 Eanáir 2019. Déanfar na tuarascálacha bliantúla dá dtagraítear in Airteagal 509(1), sonraí ábhartha an mhargaidh agus moltaí uile na nÚdarás Inniúil a chur san áireamh sa tuarascáil.

▼B

2. I gcás inar gá chun aghaidh a thabhairt ar fhorbairtí sa mhargadh agus ar forbairtí eile, tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 462 chun an céimniú isteach a shonraítear in Airteagal 460a athrú chun iarchur a dhéanamh ar íoschaighdeán ceangailteach 100 % a thabhairt isteach don cheanglas maidir le cumhdach leachtachta a leagtar amach in Airteagal 412(1) agus chun íoschaighdeán ceangailteach 90 % a chur i bhfeidhm don cheanglas maidir le cumhdach leachtachta.

Chun measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le hiarchur a dhéanamh, déanfaidh an Coimisiún an tuarascáil agus an measúnú dá dtagraítear i mír 1 a chur san áireamh.

Ní bheidh feidhm ag gníomh tarmligthe a ghlacfar i gcomhréir leis an Airteagal seo roimh an 1 Eanáir 2018 agus tiocfaidh sé i bhfeidhm an 30 Meitheamh 2017.

▼M8

*Airteagal 461a*

**Cur chuige caighdeánaithe malartach le haghaidh priacal margaidh**

►C7 Chun críocha na gceanglas tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 430b(1), tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 462, d'fhonn an Rialachán seo a leasú trí choigeartuithe teicniúla a dhéanamh ar Airteagail 325e, 325g go 325j, 325p, 325q, 325ae, 325ai, 325ak, 325am, 325ap go 325at, 325av, 325ax, agus sonrú a dhéanamh ar ◄ ualú risíochta bhuicéad 11 de Thábla 4 in Airteagal 325ah, agus sonrú a dhéanamh hualuithe priacail bannaí faoi chumhdach arna n-eisiúint ag institiúidí creidmheasa i dtríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 325ah a shonrú, agus sonrú a dhéanamh ar chomhghaolú na mbannaí faoi chumhdach arna n-eisiúint ag institiúidí creidmheasa i dtríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 325aj den chur chuige caighdeánaithe malartach a leagtar amach i gCaibidil 1a de Theideal IV de Chuid a Trí, agus aird á tabhairt ar fhorbairtí maidir le caighdeáin rialála idirnáisiúnta.

Glacfaidh an Coimisiún an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 1 faoin 31 Nollaig 2019.

▼C7

*Airteagal 462*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Tabharfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 244(6) agus 245(6) agus in Airteagail 456, 457, 459, 460 agus 461a go ceann tréimhse neamhchinntithe ama ón 28 Meitheamh 2013.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 244(6) agus 245(6) agus in Airteagail 456, 457, 459, 460 agus 461a a chúlghairm tráth ar bith. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní bheidh éifeacht aige ar bhailíocht na ngníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

▼C7

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagail 244(6) agus 245(6) agus Airteagail 456, 457, 459, 460 agus 461a i bhfeidhm ach amháin mura ndéanann Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse trí mhí ó fhógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, sula dtéann an tréimhse sin in éag, go gcuireann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Déanfar an tréimhse sin a fhadú trí mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

▼B

*Airteagal. 463*

**Agóidí i gcoinne caighdeán teicniúil**

I gcás ina nglacfaidh an Coimisiún caighdeán teicniúil rialála de bhun an Rialacháin sin is ionann agus an dréachtchaighdeán teicniúil rialála a bheidh tíolactha ag ÚBE, is aon mhí amháin ó dháta an fhógra a bheidh sa tréimhse a bhféadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne an chaighdeáin theicniúil rialála sin lena linn. Ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle, cuirfear síneadh aon mhí amháin leis an tréimhse sin. De mhaolú ar an dara fomhír d'Airteagal 13(1)de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, féadfar síneadh breise aon mhí amháin a chur leis an tréimhse sin a bhféadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne an chaighdeáin theicniúil rialála sin lena linn, i gcás inarb iomchuí.

*Airteagal 464*

**Coiste Baincéireachta Eorpach**

1. Beidh de chúnamh ag an gCoimisiún an Coiste Baincéireachta Eorpach a bunaíodh le Cinneadh 2004/10/CE ([1]) ón gCoimisiún. Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa choiste sin.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

([1]) IO L 3, 7.1.2004, lch. 36.

▼B

CUID A DEICH

**FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA, TUARASCÁLACHA, ATHBHREITHNITHE AGUS LEASUITHE**

TEIDEAL I

**FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA**

*CAIBIDIL 1*

***Ceanglais cistí dílse, gnóthachain agus caillteanais neamhréadaithe arna dtomhas de réir luacha chóir agus asbhaintí***

Roinn 1

**Ceanglais cistí dílse**

*Airteagal 465*

**Ceanglais cistí dílse**

1. De mhaolú ar phointe (a) agus ar phointe (b) d'Airteagal 92(1) beidh feidhm ag na ceanglais cistí dílse seo a leanas le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2014:

(a) cóimheas caipitil de Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de leibhéal a thagann faoi raon idir 4 % agus 4.5 %;

(b) cóimheas caipitil de Leibhéal 1 de leibhéal a thagann faoi raon idir 5.5 % agus 6 %.

2. Déanfaidh na húdaráis inniúla leibhéil na gcóimheas caipitil de Ghnáthchothromas Leibhéal 1 agus de Leibhéal 1 lena gcloífidh institiúidí nó a sháróidh siad sna raonta a shonraítear i mír 1 a chinneadh agus a fhoilsiú.

*Airteagal 466*

**Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais a chur i bhfeidhm den chéad uair**

De mhaolú ar Airteagal 24(2), déanfaidh údaráis inniúla am tosaigh 24 mhí a thabhairt d'institiúidí chun na próisis inmheánacha riachtanacha agus na ceanglais theicniúla a chur chun feidhme, ar institiúidí iad a gcuirtear de cheangal orthu sócmhainní agus ítimí atá lasmuigh den chlár comhardaithe a luacháil agus cistí dílse a chinneadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Chuntasaíochta Idirnáisiúnta de réir mar is infheidhme faoi Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002.

Roinn 2

**Gnóthachain agus caillteanais neamhréadaithe arna dtomhas ag luach cóir**

▼M11

---

▼M11

*Airteagal 468*

**Láimhseáil shealadach gnóthachan agus caillteanas neamhréadaithe arna dtomhas ar luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile i bhfianaise phaindéim COVID-19**

1. De mhaolú ar Airteagal 35, féadfaidh na hinstitiúidí, le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2022 ("tréimhse na láimhseála sealadaí"), méid A, arna chinneadh i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas, a bhaint ó ríomh a gcuid ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1:

$$A = a \cdot f$$

nuair:

a = méid na ngnóthachan agus na gcaillteanas neamhréadaithe arna gcarnadh ón 31 Nollaig 2019 a áiríodh faoin gcatagóir "athruithe ar luach cóir ionstraimí fiachais arna dtomhas ag luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile" sa chlár comhardaithe, a chomhfhreagraíonn do risíochtaí ar rialtais láir, ar rialtais réigiúnacha nó ar údaráis áitiúla dá dtagraítear in Airteagal 115(2) den Rialachán seo agus ar eintitis san earnáil phoiblí dá dtagraítear in Airteagal 116(4) den Rialachán seo, cé is moite de na sócmhainní airgeadais sin a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu mar a shainmhínítear in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 ón gCoimisiún ("Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9"); agus

f = an fachtóir is infheidhme le haghaidh gach bliana tuairiscithe le linn thréimhse na láimhseála sealadaí i gcomhréir le mír 2.

2. Cuirfidh na institiúidí na fachtóirí seo a leanas i bhfeidhm chun méid A dá dtagraítear i mír 1 a ríomh:

(a) 1 le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020;

(b) 0,7 le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021;

(c) 0,4 le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022.

3. I gcás ina gcinneann institiúid an láimhseáil shealadach a leagtar amach i mír 1 a chur i bhfeidhm, cuirfidh an institiúid sin a cinneadh in iúl don údarás inniúil ar a laghad 45 lá roimh an dáta cur isteach le haghaidh thuairisciú na faisnéise bunaithe ar an láimhseáil sin. Faoi réir réamhchead an údaráis inniúil, féadfaidh an institiúid a céad chinneadh a fhreaschur uair amháin le linn thréimhse na láimhseála sealadaí. Nochtfaidh institiúidí go poiblí an gcuireann siad an láimhseáil sin i bhfeidhm.

▼M11

4. I gcás ina mbaineann institiúid méid caillteanas neamhréadaithe óna hítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, déanfaidh sí na ceanglais uile a leagtar síos sa Rialachán seo agus i dTreoir 2013/36/AE a ríomhtar agus aon cheann de na hítimí seo a leanas á úsáid a athríomh:

(a) méid na sócmhainní cánach iarchurtha a asbhaintear as ítimí de Ghnáthchothromas Leibhéal 1 i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 36(1) nó a ualaítear ó thaobh priacal i gcomhréir le hAirteagal 48(4);

(b) méid na gcoigeartuithe sonracha i leith priacal creidmheasa.

Le linn di an ceanglas ábhartha a athríomh, ní chuirfidh an institiúid san áireamh na héifeachtaí a bheidh ag soláthairtí le haghaidh caillteanais chreidmheasa ionchasacha maidir le risíochtaí ar rialtais láir, ar rialtais réigiúnacha nó ar údaráis áitiúla dá dtagraítear in Airteagal 115(2) den Rialachán seo agus ar eintitis san earnáil phoiblí dá dtagraítear in Airteagal 116(4) den Rialachán seo ar na hítimí sin, cé is moite de na sócmhainní airgeadais sin a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu mar a shainmhínítear in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9.

5. Le linn na dtréimhsí a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo, chomh maith leis an bhfaisnéis a cheanglaítear i gCuid a hOcht a nochtadh, nochtfaidh na hinstitiúidí a chinn an láimhseáil shealadach a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm na méideanna cistí dílse, caipiteal Ghnáthchothromais Leibhéal 1 agus caipiteal Leibhéal 1, an cóimheas caipitil iomlán, cóimheas caipitil Ghnáthchothromais Leibhéal 1, cóimheas caipitil Leibhéal 1 agus an cóimheas luamhánaithe a bheadh acu i gcás nach gcuirfidís an láimhseáil sin i bhfeidhm.

▼B

## Roinn 3

## **Asbhaintí**

### Foroinn 1

### **Asbhaintí as ítimí ghnáthchothromais leibhéal 1**

*Airteagal 469*

#### **Asbhaintí as Ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1**

1. De mhaolú ar Airteagal 36(1), i rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2017, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) asbhainfidh institiúidí ó ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 an céatadán is infheidhme a shonraítear in Airteagal 478 de na méideanna is gá a asbhaint de bhun phointí (a) go (h) d'Airteagal 36(1), cé is moite de shócmhainní cánach iarchurtha atá spleách ar bhrabúsacht todhchaí agus a thagann ó dhifríochtaí sealadacha;

▼B

(b) cuirfidh institiúidí na forálacha ábhartha a leagtar síos in Airteagal 4723 i bhfeidhm maidir leis na méideanna iarmharacha is gá a asbhaint de bhun phointí (a) go (h) d'Airteagal 36(1), cé is moite de shócmhainní cánach iarchurtha atá ag brath ar bhrabúsacht todhchaí agus a thagann ó dhifríochtaí sealadacha;

(c) asbhainfidh institiúidí ó ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 an céatadán is infheidhme a shonraítear in Airteagal 472 de na méideanna iomlána is gá a asbhaint de bhun phointí (c) go (i) d'Airteagal 36(1), tar éis Airteagal 470 a chur i bhfeidhm;

(d) cuirfidh institiúidí na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 472(5) nó in Airteagal 472(11) i bhfeidhm, de réir mar is iomchuí, maidir leis an méid iomlán iarmharach d'ítimí is gá a asbhaint de bhun phointí (c) go (i) d'Airteagal 36(1), tar éis Airteagal 470 a chur i bhfeidhm.

2. Déanfaidh institiúidí an cion den mhéid iarmharach iomlán dá dtagraítear i bpointe (d) de mhír 1, atá faoi réir Airteagal 472(4), a chinneadh tríd an méid a shonraítear i bpointe (a) den mhír sin a roinnt ar an méid a shonraítear i bpointe (b) den mhír sin:

(a) méid na sócmhainní cánach iarchurtha atá spleách ar bhrabúsacht todhchaí agus a thagann as difríochtaí sealadacha dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 470(2);

(b) suim na méideanna dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) d'Airteagal 470(2).

3. Déanfaidh institiúidí an cion den mhéid iarmharach iomlán dá dtagraítear i bpointe (d) de mhír 1, atá faoi réir Airteagal 472(10), a chinneadh tríd an méid a shonraítear i bpointe (a) den mhír sin a roinnt ar an méid a shonraítear i bpointe (b) den mhír sin:

(a) méid na sealúchas díreach agus indíreach d'ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 470(2);

(b) suim na méideanna dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) d'Airteagal 470(2)

▼M7

*Airteagal 469a*

**Maolú ar asbhaintí ó ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 le haghaidh risíochtaí neamhthuillmheacha**

De mhaolú ar phointe (m) d'Airteagal 36(1), ní dhéanfaidh institiúidí an méid cumhdaigh neamhdhóthanaigh is infheidhme i leith risíochtaí neamhthuillmheacha a asbhaint ó ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 i gcás inar tionscnaíodh an risíocht roimh an 26.4.2019.

I gcás ina ndéanfaidh institiúid téarmaí agus coinníollacha risíochta a tionscnaíodh roimh an 26.4.2019 a athrú ar bhealach a mhéadóidh risíocht na hinstitiúide ar an oibleagáideoir, measfar gur tionscnaíodh an risíocht ar an dáta atá feidhm ag an athrú agus scoirfear í de bheith faoi réir an mhaolaithe dá bhforáiltear sa chéad fhomhír.

▼B

*Airteagal 470*

**Díolúintí ó asbhaint as ítimí Gnáthchothromas Leibhéal 1**

1. Chun críocha an Airteagail seo, cuimseoidh ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 na hinstitiúide a ríomhfar tar éis fhorálacha Airteagal 32 go dtí Airteagal 35 a chur i bhfeidhm agus na hasbhaintí a dhéanamh de bhun phointí (a) go (h) agus (k)(ii) go dtí k(v) agus (l) d'Airteagal 36(1), cé is moite de shócmhainní cánach iarchurtha atá spleách ar bhrabúsacht todhchaí agus a thagann ó dhifríochtaí sealadacha.

2. De mhaolú ar Airteagal 48(1), i rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2017, ní asbhainfidh institiúidí na hítimí a liostaítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) den mhír sin atá, i bhfoirm chomhiomlán, cothrom le, nó níos lú ná, 15 % de na hítimí ábhartha de Ghnáthchothromas Leibhéal 1 na hinstitiúide:

(a) sócmhainní cánach iarchurtha atá spleách ar bhrabúsacht todhchaí agus a thagann ó dhifríochtaí sealadacha agus atá, i bhfoirm chomhiomlán, cothrom le, nó níos lú ná, 10 % de na hítimí ábhartha de Ghnáthchothromas Leibhéal 1;

(b) i gcás ina mbeidh infheistíocht shuntasach ag institiúid in eintiteas san earnáil airgeadais, sealúchais dhíreacha, indíreacha agus sintéiseacha atá ag an institiúid d'ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 an eintitis sin atá, i bhfoirm chomhiomlán, cothrom le, nó níos lú ná, 10 % de na hítimí ábhartha Ghnáthchothromas Leibhéal 1.

3. De mhaolú ar Airteagal 48(2), déanfar na hítimí a mbeidh díolúine acu ó asbhaint de bhun mhír 2 den Airteagal sin a ualú ó thaobh priacal ag 250 %. Beidh na hítimí dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 2 den Airteagal sin faoi réir cheanglais Theideal IV de Chuid a Trí, de réir mar is infheidhme.

*Airteagal 471*

**Díolúine ó Asbhaintí Gabháltas Cothromais i gCuideachtaí Árachais ó Ítim Gnáthchothromais Leibhéal 1**

▼M8

1. De mhaolú ar Airteagal 49, (1), i rith na tréimhse ón 31 Nollaig 2018 go dtí an 31 Nollaig 2024, féadfaidh institiúidí a chinneadh gan sealúchais cothromais a asbhaint i ngnóthais árachais, athárachais agus i gcuideachtaí sealbhaíochta árachais i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) na coinníollacha a leagtar amach i bpointe (a) agus (e) d'Airteagal 49(1);

(b) tá na húdaráis inniúla sásta le leibhéal an rialú priacail agus na nósanna imeachta anailíse airgeadais a ghlac an institiúid go sonrach d'fhonn faireachán a dhéanamh ar an infheistíocht sa ghnóthas nó sa chuideachta shealbhaíochta;

▼M8

(c) ní mó ná 15 % d'ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 iad sealúchais chothromais na hinstitiúide sa ghnóthas árachais, gnóthas atháráchais nó sa chuideachta shealbhaíochta árachais arna eisiúint ag an eintiteas árachais sin faoin 31 Nollaig 2012 agus in imeacht na tréimhse ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2024;

(d) ní mó an sealúchas cothromais nach bhfuil asbhainte ná an méid atá i seilbh in ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal sa ghnóthas árachais, sa ghnóthas athárachais nó sa chuideachta shealbhaíochta árachais faoin 31 Nollaig 2012.

▼B

2. Cáileoidh na sealúchais chothromais nach n-asbhaintear faoi mhí 1 mar risíochtaí lena mbaineann ualú priacal 370 %.

*Airteagal 472*

**Ítimí nach n-asbhaintear ó Ghnáthchothromas Leibhéal 1**

1. De mhaolú ar phointe (c) d'Airteagal 33(1) agus ar phointe (a) go (i) d'Airteagal 36(1), i rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2017, cuirfidh institiúidí an tAirteagal seo i bhfeidhm maidir leis na méideanna iarmharacha d'ítimí dá dtagraítear in Airteagal 468(4) agus i bpointe (b) agus i bpointe (d) d'Airteagal 469(1), de réir mar is infheidhme.

2. Ní asbhaintear an méid iarmharach de na coigeartuithe luachála ar dhliteanais díorthach a eascraíonn as priacal creidmheasa na hinstitiúide féin.

3. Cuirfidh institiúidí na nithe seo a leanas i bhfeidhm maidir leis an méid iarmharach de chaillteanais na bliana airgeadais reatha dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 36(1):

(a) asbhaintear caillteanais ábhartha ó ítimí Leibhéal 1;

(b) ní asbhaintear caillteanais nach bhfuil ábhartha.

4. Asbhainfidh institiúidí an méid iarmharach de na sócmhainní doláimhsithe dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 36(1) ó ítimí Leibhéal 1.

5. Ní asbhainfear an méid iarmharach de na sócmhainní cánach iarchurtha dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 36(1) agus beidh sé faoi réir ag ualú priacal 0 %.

6. Asbhainfear leath den mhéid iarmharach de na hítimí dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 36(1) ó ítimí Leibhéal 1 agus na leath eile ó ítimí Leibhéal 2.

7. Ní dhéanfar méid iarmharach na sócmhainní i gciste pinsean le sochar sainithe dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 36(1) a asbhaint ó aon eilimint de chistí dílse, agus áireofar iad in ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a mhéid a aithneofaí an méid sin mar chistí dílse bunaidh i gcomhréir leis na bearta náisiúnta trasuímh faoi phointí (a) go (ca) d'Airteagal 57 de Threoir 2006/48/CE.

▼B

8. Cuirfidh institiúidí na nithe seo a leanas i bhfeidhm maidir le méid iarmharach na sealúchas d'ionstraimí dílse de Ghnáthchothromas Leibhéal 1 dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 36(1):

(a) asbhaintear méid na sealúchas díreach ó ítimí Leibhéal 1;

(b) maidir le méid na sealúchas indíreach agus sintéiseach, lena n-áirítear ionstraimí dílse de Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a bhféadfadh ceangal a bheith ar institiúid iad a cheannach de bhua oibleagáide conarthaí atá ann cheana nó oibleagáide teagmhasaí, ní asbhainfear é agus beidh sé faoi réir ag ualú priacal i gcomhréir le Caibidil 2 nó Caibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí agus na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV de Chuid a Trí, de réir mar is infheidhme.

9. Cuirfidh institiúidí na nithe seo a leanas i bhfeidhm maidir le méid iarmharach na sealúchas d'ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 d'eintiteas earnála airgeadas i gcás ina bhfuil tras-sealúchais chómhal-artacha ag an institiúid leis an eintiteas sin dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 36(1):

(a) i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag institiúid san eintiteas earnála airgeadais sin, láimhseáiltear méid a sealúchais d'ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 an eintitis sin amhail is dá dtiocfaidís faoi phointe (h) d'Airteagal 36(1);

(b) i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag institiúid san eintiteas earnála airgeadais sin, láimhseáiltear méid a sealúchais d'ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 an eintitis sin amhail is dá dtiocfaidís faoi phointe (i) d'Airteagal 36(1).

10. Cuirfidh institiúidí na nithe seo a leanas i bhfeidhm maidir leis na méideanna iarmharacha d'ítimí dá dtagraítear i bpointe (h) d'Airteagal 36(1):

(a) déantar leath de na méideanna is gá a asbhaint a bhaineann le sealúchais dhíreacha a asbhaint ó ítimí Leibhéal 1 agus an leath eile ó ítimí Leibhéal 2;

(b) ní dhéantar na méideanna a bhaineann le sealúchais indíreacha agus sintéiseacha a asbhaint agus tá siad faoi réir ag ualuithe priacal i gcomhréir le Caibidil 2 nó Caibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí agus faoi réir ag na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV de Chuid a Trí, de réir mar is infheidhme;

11. Cuirfidh institiúidí na nithe seo a leanas i bhfeidhm maidir leis na méideanna iarmharacha de na hítimí dá dtagraítear i bpointe (i) d'Airteagal 36(1):

(a) déantar leath de na méideanna is gá a asbhaint a bhaineann le sealúchais dhíreacha a asbhaint ó ítimí Leibhéal 1 agus an leath eile ó ítimí Leibhéal 2;

(b) ní dhéantar na méideanna a bhaineann le sealúchais indíreacha agus sintéiseacha a asbhaint agus tá siad faoi réir ag ualuithe priacal i gcomhréir le Caibidil 2 nó Caibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí agus faoi réir ag na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV de Chuid a Trí, de réir mar is infheidhme.

▼B

*Airteagal 473*

**Leasuithe ar IAS 39 a thabhairt isteach**

1. De mhaolú ar Airteagal 481, le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2018, féadfaidh údaráis inniúla a cheadú d'institiúidí a ullmhaíonn a gcuntais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta idirnáisiúnta a glacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 6(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 le cur lena nGnáthchothromas Leibhéal 1 an méid is infheidhme i gcomhréir le mír 2 nó mír 3 de réir mar is infheidhme arna iolrú faoin bhfachtóir a gcuirfear i bhfeidhm i gcomhréir le mír 4.

2. Ríomhfar an méid is infheidhme tríd an tsuim a fhaightear i gcomhréir le pointe (b) a asbhaint ón tsuim a fhaightear i gcomhréir le pointe (a)

(a) Cinnfidh institiúidí luach sócmhainní a gcistí nó a bpleananna pinsin le sochar sainithe, mar is infheidhme, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh 1126/2008 [1] mar a a leasaítear le Rialachán (AE) Uimh 475/2012 [2] iad. Déanfaidh na hinstitiúidí a asbhaint ó luach na sócmhainní sin luachanna na n-oibleagáidí faoi na cistí nó pleananna sainithe céanna arna gcinneadh i gcomhréir leis na rialacha cuntasaíochta céanna.

(b) Cinnfidh institiúidí luach sócmhainní a gcistí nó a bpleananna pinsin sainithe, mar is infheidhme, i gcomhréir leis na rialacha atá leagtha amach i Rialachán (CE) Uimh 1126/2008. Déanfaidh na hinstitiúidí a asbhaint ó luach na sócmhainní sin luachanna na n-oibleagáidí sin faoi na cistí nó pleananna sainithe céanna arna gcinneadh i gcomhréir leis na rialacha cuntasaíochta céanna.

3. An méid a chinnfear i gcomhréir le mír 2, déanfar é a theorannú don mhéid nach gá a asbhaint ó chistí dísle roimh 1 Eanáir 2014, faoi bhearta trasuí náisiúnta Threoir 2006/48/CE, a mhéid a bheadh na bearta trasuí náisiúnta sin i dteideal na láimhseála in Airteagal 481 sa Bhallstát lena mbaineann.

4. Beidh feidhm ag na fachtóirí seo a leanas:

(a) 1 le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2014;

(b) 0,8 sa tréimhse ón 1 Eanáir 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015;

(c) 0,6 sa tréimhse ón 1 Eanáir 2016 go dtí an 31 Nollaig 2016;

---

[1] Rialachán (CE) Uimh 1126 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2008 lena nglactar caighdeáin áirithe idirnáisiúnta cuntasaíochta i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 320, 29.11.2008, lch 1).

[2] Rialachán (AE) Uimh 1205/2011 an 22 Samhain 2011 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh 1126/2008 lena nglactar caighdeáin áirithe idirnáisiúnta cuntasaíochta i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) 7 (IO L 305, 23.11.2011, lch. 16).

▼B

(d) 0,4 sa tréimhse ón 1 Eanáir 2017 go dtí an 31 Nollaig 2017;

(e) 0,2 sa tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go 31 Nollaig 2018

5. Déanfaidh institiúidí luachanna sócmhainní agus dliteanais eile i gcomhréir le mír a 2 a nochtadh ina ráitis fhoilsithe airgeadais.

▼M4

*Airteagal 473a*

**IFRS 9 a thabhairt isteach**

▼M11

1. De mhaolú ar Airteagal 50 agus go dtí deireadh na n-idirthréimhsí a leagtar amach i míreanna 6 agus 6a den Airteagal seo, féadfaidh siad seo a leanas an méid a ríomhtar i gcomhréir leis an mír seo a áireamh ina gcaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1:

▼M4

(a) institiúidí a ullmhóidh a gcuntais i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta a glacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 6(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002;

(b) institiúidí a dhéanann, de bhun Airteagal 24(2) den Rialachán seo, luacháil ar shócmhainní agus ar mhíreanna lasmuigh den chlár comhardaithe agus a chinneann a gcistí dílse i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta a glacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 6(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002;

(c) institiúidí a dhéanann luacháil ar shócmhainní agus ar mhíreanna lasmuigh den chlár comhardaithe i gcomhréir le caighdeáin chuntasaíochta faoi Threoir 86/635/CEE agus a bhaineann úsáid as samhail le haghaidh caillteanais chreidmheasa ionchasacha atá ar aon dul leis an gceann a úsáideadh sna caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta a glacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 6(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002.

▼M11

An méid dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ríomhfar í mar shuim an mhéid seo a leanas:

(a) i gcás risíochtaí atá faoi réir ualú priacail i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal II de Chuid a Trí, an méid ($AB_{SA}$) a ríomhtar i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$AB_{SA} = \left(A_{2,SA} - t_1\right) \cdot f_1 + \left(A_{4,SA} - t_2\right) \cdot f_2 + \left(A_{SA}^{old} - t_3\right) \cdot f_1$$

nuair:

$A_{2,SA}$ = an méid a ríomhtar i gcomhréir le mír 2;

$A_{4,SA}$ = an méid a ríomhtar i gcomhréir le mír 4 bunaithe ar na méideanna a ríomhtar i gcomhréir le mír 3;

$$A_{SA}^{old} = uas\{P_{1.1.2020}^{SA} - P_{1.1.2018}^{SA}; 0\}$$
;

▼**M11**

$P^{SA}_{1.1.2020}$ = suim na gcaillteanas creidmheasa ionchasach don tréimhse 12 mhí arna gcinneadh i gcomhréir le mír 5.5.5 den Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9 agus méid an lamháltais caillteanais do chaillteanais chreidmheasa ionchasacha saoil arna chinneadh i gcomhréir le mír 5.5.3 den Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9, cé is moite den lamháltas caillteanais do chaillteanais chreidmheasa ionchasacha saoil i gcás sócmhainní airgeadais a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu mar a shainmhínítear in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9, an 1 Eanáir 2020;

$P^{SA}_{1.1.2018}$ = suim na gcaillteanas creidmheasa ionchasach don tréimhse 12 mhí arna gcinneadh i gcomhréir le mír 5.5.5 den Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9 agus méid an lamháltais caillteanais do chaillteanais chreidmheasa ionchasacha saoil arna chinneadh i gcomhréir le mír 5.5.3 den Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9, cé is moite den lamháltas caillteanais do chaillteanais chreidmheasa ionchasacha saoil i gcás sócmhainní airgeadais a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu mar a shainmhínítear in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9, an 1 Eanáir 2018 nó ar an dáta a chuirtear IFRS 9 i bhfeidhm den chéad uair, cibé acu is déanaí;

$f_1$ = an fachtóir is infheidhme a leagtar síos i mír 6;

$f_2$ = an fachtóir is infheidhme a leagtar síos i mír 6a;

$t_1$ = an méadú ar chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de bharr in-asbhainteacht chánach shuim A2,SA;

$t_2$ = an méadú ar chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de bharr in-asbhainteacht chánach shuim A4,SA;

$t_3$ = an méadú ar chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de bharr in-asbhainteacht chánach mhéid $A^{old}_{SA}$;

(b) i gcás risíochtaí atá faoi réir ualú priacail i gcomhréir le Caibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí, an méid ($AB_{IRB}$) a ríomhtar i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$AB_{IRB} = \left(A_{2,IRB} - t_1\right) \cdot f_1 + \left(A_{4,IRB} - t_2\right) \cdot f_2 + (A^{old}_{IRB} - t_3) \cdot f_1$$

nuair:

$A_{2,IRB}$ = an méid a ríomhtar i gcomhréir le mír 2 arna choigeartú i gcomhréir le pointe (a) de mhír 5;

$A_{4,IRB}$ = an méid a ríomhtar i gcomhréir le mír 4 bunaithe ar na méideanna a ríomhtar i gcomhréir le mír 3, is méideanna arna gcoigeartú i gcomhréir le pointí (b) agus (c) de mhír 5;

▼M11

$$A_{IRB}^{old} = uas\{P_{1.1.2020}^{IRB} - P_{1.1.2018}^{IRB}; 0\};$$

$P_{1.1.2020}^{IRB}$ = suim na gcaillteanas creidmheasa ionchasach don tréimhse 12 mhí arna gcinneadh i gcomhréir le mír 5.5.5 den Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9 agus méid an lamháltais caillteanais do chaillteanais chreidmheasa ionchasacha saoil arna chinneadh i gcomhréir le mír 5.5.3 den Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9, cé is moite den lamháltas caillteanais do chaillteanais chreidmheasa ionchasacha saoil i gcás sócmhainní airgeadais a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu mar a shainmhínítear in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9, lúide suim mhéideanna gaolmhara an chaillteanais ionchasaigh le haghaidh na risíochtaí céanna sin arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 158(5), (6) agus (10) den Rialachán seo, an 1 Eanáir 2020. I gcás inar uimhir dhiúltach a thiocfaidh as an ríomh, socróidh an institiúid luach $P_{1.1.2020}^{IRB}$ ag nialas;

$P_{1.1.2018}^{IRB}$ = suim na gcaillteanas creidmheasa ionchasach don tréimhse 12 mhí arna gcinneadh i gcomhréir le mír 5.5.5 den Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9 agus méid an lamháltais caillteanais do chaillteanais chreidmheasa ionchasacha saoil arna chinneadh i gcomhréir le mír 5.5.3 den Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9, cé is moite den lamháltas caillteanais do chaillteanais chreidmheasa ionchasacha saoil i gcás sócmhainní airgeadais a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu mar a shainmhínítear in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9, an 1 Eanáir 2018 nó ar an dáta a chuirtear IFRS 9 i bhfeidhm den chéad uair, cibé acu is déanaí, lúide suim mhéideanna gaolmhara an chaillteanais ionchasaigh le haghaidh na risíochtaí céanna arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 158(5), (6) agus (10) den Rialachán seo. I gcás inar uimhir dhiúltach a thiocfaidh as an ríomh, socróidh an institiúid luach $P_{1.1.2018}^{IRB}$ chun gur cothrom le nialas é;

$f_1$ = an fachtóir is infheidhme a leagtar síos i mír 6;

$f_2$ = an fachtóir is infheidhme a leagtar síos i mír 6a;

$t_1$ = an méadú ar chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de bharr in-asbhainteacht chánach shuim A2,IRB;

$t_2$ = an méadú ar chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de bharr in-asbhainteacht chánach shuim A4,IRB;

▼**M11**

$t_3$ = an méadú ar chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de bharr in-asbhainteacht chánach shuim $A_{IRB}^{old}$.

▼**M4**

2. Ríomhfaidh na hinstitiúidí na suimeanna $A_{2,SA}$ agus $A_{2,IRB}$ dá dtagraítear, faoi seach, i bpointe (a) agus i bpointe (b) den dara fomhír de mhír 1 mar an tsuim is mó de na suimeanna dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) den mhír seo ar bhealach ar leithligh maidir lena neamhchosaintí atá faoi réir ualú riosca i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal II de Chuid a Trí agus i gcás neamhchosaintí atá faoi réir ualú riosca i gcomhréir le Caibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí:

(a) nialas;

(b) an tsuim arna ríomh i gcomhréir le pointe (i) lúide an tsuim a ríomhtar i gcomhréir le pointe (ii):

(i) suim na gcaillteanas creidmheasa ionchasach do thréimhse 12 mhí a chinntear i gcomhréir le mír 5.5.5 de IFRS 9 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 ón gCoimisiún ("Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9") móide méid an lamháltais caillteanais do chaillteanais chreidmheasa ionchasacha saoil a chinntear i gcomhréir le mír 5.5.3 den Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9 amhail ón 1 Eanáir 2018 nó ar an dáta a gcuirtear IFRS 9 i bhfeidhm den chéad uair;

(ii) méid iomlán na gcaillteanas lagaithe ar shócmhainní airgeadais a aicmítear mar iasachtaí agus earraí infhaighte, infheistíochtaí arna sealbhú go tráth aibíochta agus sócmhainní airgeadais atá ar fáil lena ndíol, mar a shainmhínítear i mír 9 de IAS 39, agus nach ionstraimí cothromais iad ná aonaid nó scaireanna i ngnóthais chomhinfheistíochta, a chinntear i gcomhréir le míreanna 63, 64, 65, 67, 68 agus 70 de IAS 39 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 amhail ón 31 Nollaig 2017 nó ar an lá roimh an dáta a gcuirtear IFRS 9 i bhfeidhm den chéad uair.

3. I gcás neamhchosaintí atá faoi réir ualú riosca i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal II de Chuid a Trí agus i gcás a neamhchosaintí atá faoi réir ualú riosca i gcomhréir le Caibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí, ríomhfaidh institiúidí an tsuim lena sáraíonn an tsuim dá dtagraítear i bpointe (a) an tsuim dá dtagraítear i bpointe (b) ar bhealach ar leithligh:

▼**M11**

(a) suim na gcaillteanas creidmheasa ionchasach don tréimhse 12 mhí arna gcinneadh i gcomhréir le mír 5.5.5 den Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9 agus méid an lamháltais caillteanais do chaillteanais chreidmheasa ionchasacha saoil arna chinneadh i gcomhréir le mír 5.5.3 den Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9, cé is moite den lamháltas caillteanais do chaillteanais chreidmheasa ionchasacha saoil i gcás sócmhainní airgeadais a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu mar a shainmhínítear in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9, ar an dáta tuairiscithe agus, i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 468 den Rialachán seo, cé is moite de chaillteanais chreidmheasa ionchasacha arna gcinneadh maidir le risíochtaí arna dtomhas ag luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile i gcomhréir le mír 4.1.2 A den Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9;

▼M11

(b) suim na gcaillteanas creidmheasa ionchasach don tréimhse 12 mhí arna gcinneadh i gcomhréir le mír 5.5.5 den Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9 agus méid an lamháltais caillteanais do chaillteanais chreidmheasa ionchasacha saoil arna chinneadh i gcomhréir le mír 5.5.3 den Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9, cé is moite den lamháltas caillteanais do chaillteanais chreidmheasa ionchasacha saoil i gcás sócmhainní airgeadais a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu mar a shainmhínítear in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9 agus, i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 468 den Rialachán seo, cé is moite de chaillteanais chreidmheasa ionchasacha arna gcinneadh maidir le risíochtaí arna dtomhas ag luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile i gcomhréir le mír 4.1.2 A den Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9, an 1 Eanáir 2020 nó ar an dáta a chuirtear IFRS 9 i bhfeidhm den chéad uair, cibé acu is déanaí.

▼M4

4. Maidir le neamhchosaintí atá faoi réir ualú riosca i gcomhréir le Caibidil 2 de Theideal II de Chuid a Trí, i gcás inar mó an tsuim a shonraítear i gcomhréir le pointe (a) de mhír 3 ná an tsuim a shonraítear i bpointe (b) de mhír 3, socróidh na hinstitiúidí $A_{4,SA}$ chun gur comhionann é agus an difríocht idir na suimeanna sin; sin nó socróidh siad $A_{4,SA}$ chun gur cothrom le nialas é.

Maidir le neamhchosaintí atá faoi réir ualú riosca i gcomhréir le Caibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí, i gcás inar mó an tsuim — arna sonrú i gcomhréir le pointe (a) de mhír 3 agus tar éis pointe (b) de mhír 5 a chur i bhfeidhm ina leith — ná an tsuim a shonraítear i bpointe (b) de mhír 3 tar éis pointe (c) de mhír 5 a chur i bhfeidhm, socróidh na hinstitiúidí $A_{4,IRB}$ chun gur comhionann é agus an difríocht idir na suimeanna sin, sin nó socróidh siad $A_{4,IRB}$ chun gur cothrom le nialas é.

5. Maidir le neamhchosaintí atá faoi réir ualú riosca i gcomhréir le Caibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí, cuirfidh institiúidí i bhfeidhm mír 2 go mír 4 mar a leanas:

(a) maidir le ríomh $A_{2,IRB}$, laghdóidh na hinstitiúidí gach ceann de na méideanna arna ríomh i gcomhréir le pointe (b)(i) agus (ii) de mhír 2 den Airteagal seo trí shuim an chaillteanais ionchasaigh a bhaint as arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 158(5), (6) agus (10) amhail ón 31 Nollaig 2017 nó lá amháin sula gcuirfear i bhfeidhm IFRS 9 den chéad uair. I gcás inar uimhir dhiúltach a bheidh sa tsuim dá dtagraítear i bpointe (b)(i) de mhír 2 den Airteagal seo, socróidh an institiúid luach an mhéid ag nialas. I gcás inar uimhir dhiúltach a bheidh sa tsuim dá dtagraítear i bpointe (b)(ii) de mhír 2 den Airteagal seo, socróidh an institiúid luach an mhéid sin chun gur cothrom le nialas é;

▼M11

(b) maidir leis an méid a ríomhtar i gcomhréir le pointe (a) de mhír 3 den Airteagal seo, cuirfidh na hinstitiúidí ina ionad suim na gcaillteanas creidmheasa ionchasach don tréimhse 12 mhí arna gcinneadh i gcomhréir le mír 5.5.5 den Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9 mar aon le méid an lamháltais caillteanais do chaillteanais chreidmheasa ionchasacha saoil arna chinneadh i gcomhréir le mír 5.5.3 den Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9, cé is moite den lamháltas caillteanais do chaillteanais ionchasacha saoil i gcás sócmhainní airgeadais a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu, mar a shainmhínítear in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9, agus, i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 468 den Rialachán seo, cé is moite de chaillteanais chreidmheasa

▼M11

ionchasacha arna gcinneadh maidir le risíochtaí arna dtomhas ag luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile i gcomhréir le mír 4.1.2 A den Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9, lúide suim mhéideanna gaolmhara an chaillteanais ionchasaigh le haghaidh na risíochtaí céanna arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 158(5), (6) agus (10) den Rialachán seo ar an dáta tuairiscithe. I gcás inarb uimhir dhiúltach a thiocfaidh as an ríomh, socróidh an institiúid luach an mhéid dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 3 den Airteagal seo chun gur cothrom le nialas é;

(c) maidir leis an méid a ríomhtar i gcomhréir le pointe (b) de mhír 3 den Airteagal seo, cuirfidh na hinstitiúidí ina ionad suim na gcaillteanas creidmheasa ionchasach don tréimhse 12 mhí arna gcinneadh i gcomhréir le mír 5.5.5 den Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9 mar aon le méid an lamháltais caillteanais do chaillteanais chreidmheasa ionchasacha saoil arna chinneadh i gcomhréir le mír 5.5.3 den Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9, cé is moite den lamháltas caillteanais do chaillteanais ionchasacha saoil i gcás sócmhainní airgeadais a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu, mar a shainmhínítear in Aguisín A a ghabhann leis an Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9, agus, i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 468 den Rialachán seo, cé is moite de chaillteanais chreidmheasa ionchasacha arna gcinneadh maidir le risíochtaí arna dtomhas ag luach cóir trí ioncam cuimsitheach eile i gcomhréir le mír 4.1.2 A den Iarscríbhinn a bhaineann le IFRS 9, an 1 Eanáir 2020 nó ar an dáta a chuirtear IFRS 9 i bhfeidhm den chéad uair, cibé acu is déanaí, lúide suim mhéideanna gaolmhara an chaillteanais ionchasaigh le haghaidh na risíochtaí céanna arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 158(5), (6) agus (10) den Rialachán seo an 1 Eanáir 2020 nó ar an dáta a chuirtear IFRS 9 i bhfeidhm den chéad uair, cibé acu is déanaí. I gcás inarb uimhir dhiúltach a thiocfaidh as an ríomh, socróidh an institiúid luach an mhéid dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 3 den Airteagal seo chun gur cothrom le nialas é.

6. Cuirfidh na institiúidí na fachtóirí seo a leanas i bhfeidhm $f_1$ chun méideanna $AB_{SA}$ agus $AB_{IRB}$ dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) den dara fomhír de mhír 1 faoi seach a ríomh:

(a) 0,7 le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020;

(b) 0,5 le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021;

(c) 0,25 le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022;

(d) 0 le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2024.

I gcás institiúidí ar tar éis an 1 Eanáir 2020 ach roimh an 1 Eanáir 2021 a thosóidh an bhliain airgeadais acu, déanfaidh siad na dátaí dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) den chéad fhomhír a choigeartú chun go mbeidh siad ag comhfhreagairt don bhliain airgeadais acu, tuairisceoidh siad na dátaí coigeartaithe dá n-údarás inniúil, agus nochtfaidh siad go poiblí iad.

▼M11

I gcás institiúidí a thosóidh ar chaighdeáin chuntasaíochta dá dtagraítear i mír 1 a chur i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021 nó dá éis sin, is i gcomhréir le pointí (b) go (d) den chéad fhomhír a chuirfidh siad i bhfeidhm na fachtóirí ábhartha, ag tosú dóibh leis an bhfachtóir a chomhfhreagraíonn don bhliain a cuireadh na caighdeáin chuntasaíochta sin i bhfeidhm den chéad uair.

6a. Cuirfidh na hinstitiúidí na fachtóirí $f_2$ seo a leanas i bhfeidhm chun na méideanna $AB_{SA}$ agus $AB_{IRB}$ dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) den dara fomhír de mhír 1 faoi seach a ríomh:

(a) 1 le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020;

(b) 1 le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021;

(c) 0,75 le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022;

(d) 0,5 le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023;

(e) 0,25 le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024.

I gcás institiúidí ar tar éis an 1 Eanáir 2020 ach roimh an 1 Eanáir 2021 a thosóidh an bhliain airgeadais acu, déanfaidh siad na dátaí dá dtagraítear i bpointí (a) go (e) den chéad fhomhír a choigeartú chun go mbeidh siad ag comhfhreagairt don bhliain airgeadais acu, tuairisceoidh siad na dátaí coigeartaithe sin dá n-údarás inniúil féin, agus nochtfaidh siad go poiblí iad.

I gcás institiúidí a thosóidh ar chaighdeáin chuntasaíochta dá dtagraítear i mír 1 a chur i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021 nó dá éis sin, is i gcomhréir le pointí (b) go (e) den chéad fhomhír a chuirfidh siad i bhfeidhm na fachtóirí ábhartha, ag tosú dóibh leis an bhfachtóir a chomhfhreagraíonn don bhliain a cuireadh na caighdeáin chuntasaíochta sin i bhfeidhm den chéad uair.

▼M4

7. I gcás ina gcuireann institiúid, i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, suim san áireamh ina caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1, ríomhfaidh sí an athuair na ceanglais uile a leagtar síos sa Rialachán seo agus i dTreoir 2013/36/AE a úsáideann aon cheann de na míreanna seo a leanas sa mhéid nach gcuirtear san áireamh leo na héifeachtaí atá ar na míreanna sin ag na soláthairtí le haghaidh caillteanais chreidmheasa ionchasacha a chuir sí san áireamh ina caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1:

(a) méid na sócmhainní cánach iarchurtha a asbhaintear as caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 36(1) nó a ualaítear ó thaobh riosca de i gcomhréir le hAirteagal 48(4);

(b) luach na neamhchosanta arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 111(1) trína dtarlóidh an méid seo a leanas:

i dtaca leis na coigeartuithe sonracha maidir le riosca creidmheasa lena laghdófar luach na neamhchosanta, déanfar iad a iolrú faoin bhfachtóir scálúcháin (sf) seo a leanas:

$$sf = 1 - (AB_{SA}/RA_{SA})$$

nuair atá:

$AB_{SA}$ = an tsuim a ríomhtar i gcomhréir le pointe (a) den dara fomhír de mhír 1;

$RA_{SA}$ = suim iomlán na gcoigeartuithe sonracha maidir le riosca creidmheasa;

▼**M4**

(c) suim na míreanna Leibhéal 2 a ríomhtar i gcomhréir le pointe (d) d'Airteagal 62.

▼**M11**

7a. De mhaolú ar phointe (b) de mhír 7 den Airteagal seo, nuair a bhíonn na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus i dTreoir 2013/36/AE á n-athríomh acu, féadfaidh institiúidí ualú priacail 100 % a shannadh ar an méid $AB_{SA}$ dá dtagraítear i bpointe (a) den dara fomhír de mhír 1 den Airteagal seo. Chun críoch tomhas na risíochta iomláine dá dtagraítear in Airteagal 429(4) den Rialachán seo a ríomh, cuirfidh institiúidí na méideanna $AB_{SA}$ agus $AB_{IRB}$ dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) den dara fomhír de mhír 1 den Airteagal seo le tomhas na risíochta iomláine.

Ní fhéadfaidh institiúidí rogha a dhéanamh ach uair amháin i ndáil leis an ríomh a leagtar amach i bpointe (b) de mhír 7 nó an ríomh a leagtar amach sa chéad fhomhír den mhír seo a úsáid. Nochtfaidh institiúidí a gcinneadh.

8. Le linn na dtréimhsí a leagtar amach i míreanna 6 agus 6a den Airteagal seo, chomh maith leis an bhfaisnéis a cheanglaítear i gCuid a hOcht a nochtadh, na hinstitiúidí a chinn na socruithe idirthréimhseacha a leagtar amach san Airteagal seo a chur i bhfeidhm, tuairisceoidh siad do na húdaráis inniúla agus nochtfaidh siad méideanna a gcistí dílse, de chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 agus de chaipiteal Leibhéal 1, cóimheas caipitil Ghnáthchothromas Leibhéal 1, cóimheas caipitil Leibhéal 1, an cóimheas caipitil iomlán agus an cóimheas luamhánaithe a bheadh acu i gcás nach gcuirfidís i bhfeidhm an tAirteagal seo.

9. Cinnfidh institiúid cé acu an gcuirfidh sí nó nach gcuirfidh sí na socruithe a leagtar amach san Airteagal seo i bhfeidhm i rith na hidirthréimhse agus cuirfidh sí a cinneadh in iúl don údarás inniúil faoin 1 Feabhra 2018. I gcás ina bhfuair institiúid an cead roimh ré ón údarás inniúil, féadfaidh sí a cinneadh a fhreaschur le linn na hidirthréimhse. Nochtfaidh institiúidí go poiblí aon chinneadh a glacadh i gcomhréir leis an bhfomhír seo.;

Institiúid a chinn na socruithe idirthréimhseacha a leagtar amach san Airteagal seo a chur i bhfeidhm, féadfaidh sí a chinneadh gan mír 4 a chur i bhfeidhm; sa chás sin, cuirfidh sí an cinneadh sin in iúl don údarás inniúil faoin 1 Feabhra 2018. I gcás den sórt sin, socróidh an institiúid A4,SA, A4,IRB, $A_{SA}^{old}$, $A_{IRB}^{old}$, t2 agus t3 dá dtagraítear i mír 1 chun gur cothrom le nialas iad. I gcás ina bhfuair institiúid an cead roimh ré ón údarás inniúil, féadfaidh sí a cinneadh a fhreaschur le linn na hidirthréimhse. Nochtfaidh institiúidí go poiblí aon chinneadh a glacadh i gcomhréir leis an bhfomhír seo.

Institiúid a chinn na socruithe idirthréimhseacha a leagtar amach san Airteagal seo a chur i bhfeidhm, féadfaidh sí a chinneadh gan mír 2 a chur i bhfeidhm, agus sa chás sin, cuirfidh sí an cinneadh sin in iúl don údarás inniúil gan mhoill. I gcás den sórt sin, socróidh an institiúid $A_{2,SA,}$ A agus $t_1$ dá dtagraítear i mír 1 chun gur cothrom le nialas iad. Féadfaidh institiúid a cinneadh a fhreaschur le linn na hidirthréimhse ar choinníoll go bhfuair sí an cead roimh ré ón údarás inniúil.

Tabharfaidh na húdaráis inniúla fógra do ÚBE, ar bhonn bliantúil ar a laghad, faoi chur i bhfeidhm an Airteagail seo ag institiúidí a thagann faoina maoirseacht.

▼M4

10. Eiseoidh ÚBE, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, treoirlínte faoin 30 Meitheamh 2018 i ndáil leis na ceanglais maidir le nochtadh a leagtar síos san Airteagal seo.

▼B

Foroinn 2

**Aisbhaintí as ítimí chaipiteal breise leibhéal 1**

*Airteagal 474*

**Asbhaintí as ítimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1**

De mhaolú ar Airteagal 56, i rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2017, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) asbhainfidh institiúidí ó ítimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 an céatadán is infheidhme a shonraítear in Airteagal 478 de na méideanna is gá a asbhaint de bhun Airteagal 56;

(b) cuirfidh institiúidí na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 475 i bhfeidhm maidir leis na méideanna iarmharacha d'ítimí is gá a asbhaint de bhun Airteagal 56.

*Airteagal 475*

**Ítimí nach n-asbhaintear ó ítimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1**

1. De mhaolú ar Airteagal 56, i rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2017, beidh feidhm ag na ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo maidir leis na méideanna iarmharacha dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 474.

2. Cuirfidh institiúidí na nithe seo a leanas i bhfeidhm maidir le méid iarmharach na n-ítimí dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 56:

(a) déantar sealúchais dhíreacha d'ionstraimí dílse de Chaipiteal Breise Leibhéal 1a asbhaint ag a luach de réir na leabhar ó ítimí Chaipiteal Leibhéal 1;

(b) sealúchais indíreacha agus sintéiseacha d'ionstraimí dílse de Chaipiteal Breise Leibhéal 1, lena n-áirítear ionstraimí dílse de Chaipiteal Breise Leibhéal 1 a bhféadfadh oibleagáid a bheith ar institiúid iad a cheannach de bhua oibleagáide conarthaí atá ann cheana nó de bhua oibleagáide teagmhasaí, ní dhéantar iad a asbhaint agus déantar iad a ualú ó thaobh priacal i gcomhréir le Caibidil 2 nó Caibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí agus beidh siad faoi réir ag ceanglais Theideal IV de Chuid a Trí, de réir mar is infheidhme.

▼B

3. Cuirfidh institiúidí na nithe seo a leanas i bhfeidhm maidir le méid iarmharach na n-ítimí dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 56:

(a) i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag institiúid in eintiteas earnála airgeadais lena bhfuil tras-sealúchais chómhalartacha aici, láimhseáiltear méid a sealúchas díreach, indíreach agus sintéiseach de na hionstraimí sin de Chaipiteal Breise Leibhéal 1 an eintitis sin amhail is go dtagann siad faoi phointe (c) d'Airteagal 56;

(b) i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid in eintiteas earnála airgeadais lena bhfuil tras-sealúchais chómhalartacha aici, láimhseáiltear méid a sealúchas díreach, indíreach agus sintéiseach de na hionstraimí sin de Chaipiteal Breise Leibhéal 1 an eintitis sin amhail is dá dtiocfaidís faoi phointe (d) d'Airteagal 56.

4. Cuirfidh institiúidí na nithe seo a leanas i bhfeidhm maidir le méid iarmharach na n-ítimí dá dtagraítear i bpointe (c) agus i bpointe (d) d'Airteagal 56:

(a) déantar leath den mhéid a bhaineann le sealúchais dhíreacha is gá a asbhaint i gcomhréir le pointe (c) agus le pointe (d) d'Airteagal 56 a asbhaint ó ítimí Chaipiteal Leibhéal 1 agus an leath eile ó ítimí Chaipiteal Leibhéal 2;

(b) ní dhéantar an méid a bhaineann le sealúchais indíreacha agus sintéiseacha is gá a asbhaint i gcomhréir le pointe (c) agus le pointe (d) d'Airteagal 56 a asbhaint agus beidh siad faoi réir ag ualú priacal i gcomhréir le Caibidil 2 nó Caibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí agus faoi réir ag na ceanglais de Theideal IV de Chuid a Trí, de réir mar is infheidhme.

### Foroinn 3

### **Asbhaintí as ítimí chaipiteal leibhéal 2**

*Airteagal 476*

**Asbhaintí as ítimí Chaipiteal Leibhéal 2**

De mhaolú ar Airteagal 66, i rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2017, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) asbhainfidh institiúidí ó ítimí Chaipiteal Leibhéal 2 an céatadán is infheidhme a shonraítear in Airteagal 478 de na méideanna is gá a asbhaint de bhun Airteagal 66;

(b) cuirfidh institiúidí na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 477 i bhfeidhm maidir leis na méideanna iarmharacha is gá a asbhaint de bhun Airteagal 66.

▼B

*Airteagal 477*

**Asbhaintí as ítimí Chaipiteal Leibhéal 2**

1. De mhaolú ar Airteagal 66, i rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2017, beidh feidhm ag na ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo maidir leis na méideanna iarmharacha dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 476.

2. Cuirfidh institiúidí na nithe seo a leanas i bhfeidhm maidir le méid iarmharach na n-ítimí dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 66:

(a) déantar sealúchais dhíreacha d'ionstraimí dílse de Chaipiteal Leibhéal 2 a asbhaint ag a luach de réir na leabhar ó ítimí Chaipiteal Leibhéal 2;

(b) sealúchais indíreacha agus sintéiseacha d'ionstraimí dílse de Chaipiteal Leibhéal 2, lena n-áirítear ionstraimí dílse de Chaipiteal Leibhéal 2 a bhféadfadh oibleagáid a bheith ar institiúid iad a cheannach de bhua oibleagáide conarthaí atá ann cheana nó de bhua oibleagáide teagmhasaí, ní asbhaintear iad agus déantar iad a ualú ó thaobh priacal i gcomhréir le Caibidil 2 nó Caibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí agus beidh siad faoi réir ag ceanglais Theideal IV de Chuid a Trí, de réir mar is infheidhme.

3. Cuirfidh institiúidí na nithe seo a leanas i bhfeidhm maidir le méid iarmharach na n-ítimí dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 66:

(a) i gcás nach bhfuil infheistíocht shuntasach ag institiúid in eintiteas earnála airgeadais lena bhfuil tras-sealúchais chómhalartacha aici, láimhseáiltear méid na sealúchas díreach, indíreach agus sintéiseach atá aici d'ionstraimí Chaipiteal Leibhéal 2 an eintitis sin amhail is dá dtiocfaidís faoi phointe (c) d'Airteagal 66;

(b) i gcás ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an institiúid in eintiteas earnála airgeadais lena bhfuil tras-sealúchais chómhalartacha aici, láimhseáiltear méid na sealúchas díreach, indíreach agus sintéiseach d'ionstraimí Chaipiteal Leibhéal 2 an eintitis sin amhail is dá dtiocfaidís faoi phointe (d) d'Airteagal 66

4. Cuirfidh institiúidí na nithe seo a leanas i bhfeidhm maidir le méid iarmharach na n-ítimí dá dtagraítear i bpointe (c) agus i bpointe (d) d'Airteagal 66:

(a) déantar leath den mhéid a bhaineann le sealúchais dhíreacha is gá a asbhaint i gcomhréir le pointe (c) agus pointe (d) d'Airteagal 66 a asbhaint ó ítimí Chaipiteal Leibhéal 1 agus an leath eile ó ítimí Chaipiteal Leibhéal 2;

(b) ní dhéantar an méid a bhaineann le sealúchais indíreacha agus sintéiseacha is gá a asbhaint i gcomhréir le pointe (c) agus le pointe (d) d'Airteagal 66 a asbhaint agus beidh siad faoi réir ag ualú priacal faoi Chaibidil 2 nó Caibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí agus faoi réir ag na ceanglais a leagtar síos i dTeideal IV de Chuid a Trí, de réir mar is infheidhme.

▼M15

Foroinn 3a

**Asbhaintí as ítimí dliteanas incháilithe**

*Airteagal 477a*

**Asbhaintí as ítimí dliteanas incháilithe**

1. De mhaolú ar Airteagal 72e(4) agus go dtí an 31 Nollaig 2024, féadfaidh údarás réitigh máthairinstitiúide, tar éis dó tuairim na n-údarás réitigh nó na n-údarás ábhartha tríú tír ó aon fhochuideachtaí lena mbaineann a bhreithniú go cuí, a cheadú go ndéanfar an méid coigeartaithe $m_i$ a ríomh tríd an sainmhíniú seo a leanas ar $r_i$, agus $w_i$ a úsáid:

$r_i$ = an ceanglas caipitil iomlán bunaithe ar phriacal is infheidhme maidir le fochuideachta i sa tríú tír ina bhfuil a ceannoifig aici, a mhéid a chomhlíontar an ceanglas sin le hionstraimí a mheasfaí a bheith ina gcistí dílse faoin Rialachán seo;

$w_i$ = an ceanglas caipitil iomlán Leibhéal 1 nach bhfuil bunaithe ar phriacal is infheidhme maidir le fochuideachta i sa tríú tír ina bhfuil a ceannoifig aici, a mhéid a chomhlíontar an ceanglas sin le hionstraimí a mheasfaí a bheith ina gcaipiteal Leibhéal 1 faoin Rialachán seo.

2. Féadfaidh an t-údarás réitigh an cead dá dtagraítear i mír 1 a thabhairt i gcás ina bhfuil an fhochuideachta bunaithe i dtríú tír nach bhfuil córas réitigh áitiúil is infheidhme i bhfeidhm aici go fóill má chomhlíontar ar a laghad ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

(a) nach ann faoi láthair aon bhac ábharach, praiticiúil nó dlíthiúil ar shócmhainní a aistriú go pras ón bhfochuideachta chuig an máthairinstitiúid, nó nach síltear go dtiocfaidh bac mar sin le bheith ann;

(b) gur thug údarás ábhartha tríú tír na fochuideachta tuairim d’údarás réitigh na máthairinstitiúide á rá go bhféadfaí sócmhainní atá comhionann leis an méid atá le hasbhaint ag an bhfochuideachta de réir Airteagal 72e(4), an dara fomhír, a aistriú ón bhfochuideachta chuig an máthairinstitiúid.

▼B

Foroinn 4

**Céatadáin is infheidhme maidir le hasbhaint**

*Airteagal 478*

**Céatadáin is infheidhme maidir le hasbhaint ó ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1, de Chaipiteal Breise Leibhéal 1 agus de Chaipiteal Leibhéal 2**

1. Tiocfaidh an céatadán is infheidhme chun críocha 'Airteagal 468(5), Airteagal 469(1)(a) agus (c) Airteagal 474(a) agus Airteagal 476(a) faoi na raonta seo a leanas:

▼**B**

(a) 20 % go 100 % don tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2014;

(b) 40 % go 100 % don tréimhse ón 1. Eanáir 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015;

(c) 60 % go 100 % don tréimhse ón 1.Eanáir 2016 go dtí an 31 Nollaig 2016;

(d) 80 % go 100 % don tréimhse ón 1 Eanáir 2017 go dtí an 31 Nollaig 2017.

▼**C1**

2. De mhaolú ar mhír 1, i gcás na n-ítimí dá dtagraítear i bpointe (c) d’Airteagal 36(1) arbh ann dóibh roimh an 1 Eanáir 2014, tiocfaidh an céatadán is infheidhme chun críoch phointe (c) d’Airteagal 469(1) faoi na raonta seo a leanas:

(a) 0 % go dtí 100 % don tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2014;

(b) 10 % go dtí 100 % don tréimhse ón 1 Eanáir 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015;

(c) 20 % go dtí 100 % don tréimhse ón 1 Eanáir 2016 go dtí an 31 Nollaig 2016;

(d) 30 % go dtí 100 % don tréimhse ón 1 Eanáir 2017 go dtí an 31 Nollaig 2017;

(e) 40 % go dtí 100 % don tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2018;

(f) 50 % go dtí 100 % don tréimhse ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2019;

(g) 60 % go dtí 100 % don tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020;

(h) 70 % go dtí 100 % don tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021;

(i) 80 % go dtí 100 % don tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022;

(j) 90 % go dtí 100 % don tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.

▼**B**

3. Déanfaidh na húdaráis inniúla céatadán is infheidhme sna raonta a shonraítear i mír 1 agus i mír 1 agus mír 2 a chinneadh agus a fhoilsiú do gach ceann de na hasbhaintí seo a leanas:

▼B

(a) na hasbhaintí aonair is gá de bhun phointí (a) go (h) d'Airteagal 36(1), cé is moite de shócmhainní cánach iarchurtha atá spleách ar bhrabúsacht todhchaí agus a thagann ó dhifríochtaí sealadacha;

(b) méid comhiomlán na sócmhainní cánach iarchurtha atá spléach ar bhrabúsacht todhchaí agus a thagann ó dhifríochtaí sealadacha agus na hítimí dá dtagraítear i bpointe (i) d'Airteagal 36(1) is gá a asbhaint de bhun Airteagal 85;

(c) gach asbhaint is gá de bhun phointí (b) go (d) d'Airteagal 56;

(d) gach asbhaint is gá de bhun phointí (b) go (d) d'Airteagal 66

Roinn 4

**Leas mionlaigh agus ionstraimí chaipiteal breise leibhéal 1 agus de chaipiteal leibhéal 2 arna n-eisiúint ag fochuideachtaí**

*Airteagal 479*

**Ítimí agus ionstraimí nach gcáilíonn mar leasanna mionlaigh a aithint i nGnáthchothromas Leibhéal 1 comhdhlúite**

1. De mhaolú ar Theideal III de Chuid a Dó, i rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2017, cinnfidh na húdaráis inniúla na hítimí a cháileodh mar chúlchistí comhdhlúite i gcomhréir le bearta náisiúnta trasuímh le haghaidh Airteagal 65 de Threoir 2006/48/CE nach gcáilíonn mar Ghnáthchothromas Leibhéal 1 comhdhlúite ar cheann ar bith de na cúiseanna seo a leanas a aithint i gcistí dílse comhdhlúite i gcomhréir le mír 2 agus le mír 3 den Airteagal sin:

(a) ní cháilíonn an ionstraim mar ionstraim de Ghnáthchothromas Leibhéal 1, agus dá réir sin ní cháilíonn an tuilleamh coinnithe agus na cuntais scairbhisigh ghaolmhara mar ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 comhdhlúite;

(b) ní cháilíonn na hítimí mar thoradh ar mhír 2 d'Airteagal 81(2);

(c) ní cháilíonn na hítimí toisc nach institiúid ná eintiteas í an fhochuideachta atá faoi réir cheanglais an Rialacháin sin agus Threoir 2013/36/AE de bhua an dlí náisiúnta is infheidhme;

(d) ní cháilíonn na hítimí toisc nach bhfuil an fhochuideachta áirithe go hiomlán sa chomhdhlúthú de bhun Chaibidil 2 de Theideal II de Chuid a hAon.

▼B

2. An céatadán is infheidhme de na hítimí dá dtagraítear i mír 1 a cháileodh mar chúlchistí comhdhlúite i gcomhréir leis na bearta náisiúnta trasuímh maidir le hAirteagal 65 de Threoir 2006/48/CE, cáileoidh sé mar Ghnáthchothromas Leibhéal 1 comhdhlúite.

3. Chun críocha mhír 2, tiocfaidh na céatadáin is infheidhme faoi na raonta seo a leanas:

(a) 0 % go 80 % don tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2014;

(b) 0 % go 60 % don tréimhse idir an 01.01.15 agus an 31 Nollaig 2015:

(c) 0 % go 40 % don tréimhse ón 01.01.16 go dtí an 31.12.16;

(d) 0 % go 20 % don tréimhse ón 1 Eanáir 2017 go dtí an 31 Nollaig 2017

4. Déanfaidh na húdaráis inniúla an céatadán is infheidhme sna raonta a shonraítear i mír 3 a chinneadh agus a fhoilsiú.

*Airteagal 480*

**Caipiteal Breise Leibhéal 1 agus Caipiteal Leibhéal 2 cáilitheach a aithint i gcistí dílse comhdhlúite de leasanna mionlaigh**

1. De mhaolú ar phointe (b) d'Airteagal 84(1), phointe (b) d'Airteagal 85(1) agus phointe (b) d'Airteagal 87(1), i rith na tréimhse ón 1 Nollaig 2014 go dtí an 31 Nollaig 2017, déanfar na céatadáin dá dtagraítear sna hAirteagail sin a iolrú faoi fhachtóir is infheidhme.

2. Chun críocha mhír 1, tiocfaidh an fachtóir is infheidhme faoi na raonta seo a leanas:

(a) 0,2 go 1 le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2014;

(b) 0,4 go 1 sa tréimhse ón 01.01.15 go dtí an 31.12.15;

(c) 0,6 go 1 sa tréimhse ón 1 Eanáir 2016 go dtí an 31 Nollaig 2016; agus

(d) 0,8 go 1 sa tréimhse ón 1 Eanáir 2017 go dtí an 31 Nollaig 2017

▼B

3. Déanfaidh na húdaráis inniúla luach an fhachtóra is infheidhme sna raonta a shonraítear i mír 2 a chinneadh agus a fhoilsiú.

Roinn 5

**Scagairí breise agus asbhaintí breise**

*Airteagal 481*

**Scagairí breise agus asbhaintí breise**

1. De mhaolú ar Airteagail 32 go 36, ar Airteagal 56 agus ar Airteagal 66, i rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2017, déanfaidh institiúidí coigeartuithe d'fhonn an céatadán is infheidhme de na scagairí nó na n-asbhaintí a éilítear faoi bhearta náisiúnta trasuímh maidir le hAirteagail 57, 61, 63, 63a, 64 agus 66 de Threoir 2006/48/CE, agus maidir le hAirteagal 13 agus le hAirteagal 16 de Threoir 2006/49/CE, agus nach n-éilítear i gcomhréir le Cuid a Dó den Rialachán seo a chur san áireamh in ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1, de Chaipiteal Leibhéal 1, de Chaipiteal Leibhéal 2 nó in ítimí cistí dílse nó iad a bhaint astu.

▼C2

2. De mhaolú ar Airteagail 36(1)(i) agus ar Airteagal 49(1), i rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2014, féadfaidh na húdaráis inniúla cur de cheangal ar institiúidí nó iad a cheadú na modhanna dá dtagraítear in Airteagal 49(1) a chur i bhfeidhm i gcás nach gcomhlíonfar na ceanglais a leagtar síos i bpointe (b) d'Airteagal 49(1) seachas an asbhaint a cheanglaítear de bhun Airteagal 36(1). Sna cásanna sin, dearbhófar an chomhréir sealúchais ionstraimí cístí dílse de chuid eintitis earnála airgeadais, ar eintiteas é ina bhfuil infheistíocht shuntasach ag an máthairinstitiúid nach gceanglaítear í a asbhaint i gcomhréir le hAirteagal 49(1) ag an gcéatadán is infheidhme dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal sin. Beidh an méid nach n-asbhainfear faoi réir cheanglais Airteagal 49(4), mar is infheidhme.

▼B

3. Chun críocha mhír 1, tiocfaidh an céatadán is infheidhme faoi na raonta seo a leanas:

(a) 0 % go 80 % don tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2014;

(b) 0 % go 60 % don tréimhse idir an 01.01.15 agus an 31 Nollaig 2015:

(c) 0 % go 40 % don tréimhse ón 01.01.16 go dtí an 31.12.16;

(d) 0 % go 20 % don tréimhse ón 1 Eanáir 2017 go dtí an 31 Nollaig 2017

4. Chun críche mhír 2, beidh an céatadán is infheidhme idir 0 % agus 50 % i rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2014;:

▼B

5. Maidir le gach scagaire nó asbhaint dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2, déanfaidh údaráis inniúla na céatadáin is infheidhme sna raonta a shonraítear i mír 3 agus mír 4 a chinneadh agus a fhoilsiú.

6. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na coinníollacha a shonrú faoina gcinnfidh na húdaráis inniúla an ceart nó nár cheart coigeartuithe a rinneadh ar chistí dílse, nó ar eilimintí díobh, chun críocha an Airteagail seo, i gcomhréir le bearta náisiúnta trasuímh maidir le Treoir 2006/48/CE nó Treoir 2006/49/CE nach n-áirítear i gCuid a Dó den Rialachán seo a dhéanamh ar ítimí Ghnáth-chothromas Leibhéal 1, de Chaipiteal Breise Leibhéal 1, de Chaipiteal Leibhéal 2 nó ar ítimí cistí dílse.

▼C1

Cuirfidh an ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Iúil 2013.

▼B

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir lehAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 482*

**Raon feidhme d' idirbhearta díorthach le cistí pinsean a chur i bhfeidhm**

Maidir leis na hidirbhearta dá dtagraítear in Airteagal 89 de Rialachán AE Uimh648/2012] agus a rinneadh le socruithe scéime pinsin mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Rialachán seo iad, ní ríomhfaidh na hinstitiúidí na ceanglais maidir le cistí dílse do priacal $C_{VA}$dá bhfo-ráiltear in Airteagal 382(4)(c) den Rialachán sin.

*CAIBIDIL 2*

***Marthanú ionstraimí caipitil***

Roinn 1

**Ionstraimí lenambunaítear státchabhair**

*Airteagal 483*

**Ionstraimí lena mbunaítear Státchabhair a mharthanú**

1. De mhaolú ar Airteagail 26 go 29, 51, 52, 62 agus 63, i rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 dtí an 31 Nollaig 2017, beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le hionstraimí agus ítimí caipitil i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) eisíodh na hionstraimí roimh an 1 Eanáir 2014;

(b) eisíodh na hionstraimí i gcomhthéacs scéime athchaipitlithe de bhun rialacha i leith Státchabhrach; Sa mhéid go suibscríobhtar cuid de na hionstraimí go príobháideach, déanfar iad a eisiúint roimh an 30 Meitheamh 2012 i gcomhar leis na codanna sin atá suibcríofa ag an mBallstát;

▼**C2**

(c) mheas an Coimisiún go raibh na hionstraimí comhoiriúnach don mhargadh inmheánach faoi Airteagal 107 CFAE.

Sna cásanna inar ionstraimí iad atá suibscríofa ag an mBallstát agus ag infheisteoirí príobháideacha araon agus i gcás ina ndéanfar fuascailt pháirteach ar na hionstraimí atá subscríofa ag an mBallstát, déanfar sciar comhfhreagrach den chuid atá suibscríofa go príobháideach a mharthanú i gcomhréir le hAirteagal 484. Nuair a bheidh na hionstraimí uile atá suibscríofa ag an mBalltát fuascailte, déanfar na hionstraimí a bheidh fágtha atá suibscríofa ag infheisteoirí príobháideacha a mharthanú i gcomhréir lehAirteagal 484.

▼**B**

2. Cáileoidh ionstraimí a cháiligh i gcomhréir leis na bearta náisiúnta trasuímh maidir le pointe (a) d'Airteagal 57 de Threoir 2006/48/CE mar ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1, d'ainneoin ceachtar díobh seo a leanas:

(a) nár comhlíonadh na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 28 den Rialachán sin;

(b) d'eisigh gnóthas dá dtagraítear in Airteagal 27 den Rialachán seo na hionstraimí agus níor comhlíonadh na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 28 den Rialachán seo seo, nó i gcás inarb infheidhme in Airteagal 29 den Rialachán seo.

3. Cáileoidh ionstraimí dá dtagraítear i mír 1(c) den Airteagal sin nach gcáilíonn faoi na bearta náisiúnta trasuí maidir le pointe (a) d'Airteagal 57 de Threoir 2006/48/CE mar ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1, d'ainneoin nár comhlíonadh ceanglais mhír 2 (a) nó (b) den Airteagal sin, ar an gcoinníoll go gcloífear le ceanglais mhír 8 den Airteagal sin.

Ní fhéadfaidh ionstraimí a cháilíonn mar Ghnáthchothromas Leibhéal 1 de bhun na chéad fho-mhíre cáiliú mar ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 nó de Chaipiteal Leibhéal 2 faoi mhír 5 nó faoi mhír 7.

4. Cáileoidh ítimí a cháiligh i gcomhréir leis na bearta náisiúnta trasuímh maidir le pointe (ca) d'Airteagal 57 agus maidir le hAirteagal 66(1) de Threoir 2006/48/CE mar ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1, d'ainneoin nár comhlíonadh na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 52(1) den Rialachán sin.

5. Cáileoidh ionstraimí dá dtagraítear i mír 1(c) den Airteagal sin nach gcáilíonn faoi na bearta náisiúnta trasuímh maidir le pointe (ca) d'Airteagal 57 de Threoir 2006/48/CE mar ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1, d'ainneoin nár comhlíonadh na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 52(1)den Rialachán sin, ar an gcoinníoll go gcloífear le ceanglais mhír 6 den Airteagal sin.

Ní fhéadfaidh ionstraimí a cháilíonn mar ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1de bhun na chéad fho-mhíre cáiliú mar ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 nó de Chaipiteal Leibhéal 2 faoi mhír 3 nó faoi mhír 7.

▼B

6. Cáileoidh ítimí a cháiligh i gcomhréir le bearta náisiúnta trasuímh maidir le pointí (f), (g) nó (h) d'Airteagal 57 agus maidir le hAirteagal 66(1) de Threoir 2006/48/CE mar ionstraimí Chaipiteal Leibhéal 2, d'ainneoin nár comhlíonadh na hítimí dá dtagraítear in Airteagal 62 den Rialachán seo agus na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 63 den Rialachán sin.

7. Cáileoidh ionstraimí dá dtagraítear i mír 1(c) den Airteagal sin nach gcáilíonn i gcomhréir le bearta náisiúnta trasuí maidir le pointe (f), pointe (g) nó pointe (h) d'Airteagal 57 agus maidir le hAirteagal 66(1) de Threoir 2006/48/CE mar ionstraimí Chaipiteal Leibhéal 2, d'ainneoin nár comhlíonadh na hítimí dá dtagraítear in Airteagal 62 agus na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 63, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar coinníollacha mhír den Airteagal seo.

Ní fhéadfaidh ionstraimí a cháilíonn mar ionstraimí Chaipiteal Leibhéal 2 de bhun na chéad fho-mhíre cáiliú mar ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 nó de Chaipiteal Breise Leibhéal 1 faoi mhír 3 nó faoi mhír 5.

8. Ní fhéadfaidh ionstraimí dá dtagraítear i mír 3, i mír 5 agus i mír 7 cáiliú mar ionstraimí cistí dílse dá dtagraítear sna míreanna sin ach amháin i gcás ina gcomhlíonfar an coinníoll i bpointe (a) de mhír 1 agus nuair a eiseoidh institiúidí atá corpraithe i mBallstát atá faoi réir Cláir Choigeartaithe Eacnamaíoch iad, agus comhaontófar eisiúint na n-ionstraimí sin faoin gclár sin.

Roinn 2

**Ionstraimí nach mbunaítear státchabhair leo**

Foroinn 1

**Incháilitheacht mharthanachta agus teorainneacha**

*Airteagal 484*

**Incháilitheacht chun ítimí a cháiligh mar chistí dílse faoi bhearta náisiúnta trasuímh maidir le Treoir 2006/48/CE a mharthanú**

▼C2

1. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo ach amháin maidir le hionstraimí agus ítimí a eisíodh an 31 Nollaig 2011 nó roimhe sin agus a bhí incháilithe mar chistí dílse an 31 Nollaig 2011 agus nach iad na hionstraimí ná na hítimí sin dá dtagraítear in Airteagal 483(1) iad.

▼B

2. De mhaolú ar Airteagail 26 go 29, 51, 52, 62 agus 63, beidh feidhm ag an Airteagal seo i rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2021

3. Faoi réir Airteagal 485 den Rialachán seo agus faoi réir na teorann a shonraítear in Airteagal 486(2) de, caipiteal de réir bhrí Airteagal 22 de Threoir 86/635/CEE agus na cuntais scairbhisigh ghaolmhara, a cháiligh mar chistí dílse bunaidh faoi na bearta náisiúnta trasuímh maidir le pointe (a) d'Airteagal 57 de Threoir 2006/48/CE, déanfar iad a cháiliú mar ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1, d'ainneoin nach gcomhlíonann an caipiteal na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 28 nó, i gcás inarb infheidhme, in Airteagal 29 den Rialachán seo.

▼B

4. Faoi réir na teorann a shonraítear in Airteagal 486(3) den Rialachán sin, ionstraimí, agus na cuntais scairbhisigh ghaolmhara, a cháiligh mar chistí dílse bunaidh faoi na bearta náisiúnta trasuímh maidir le pointe (ca) d'Airteagal 57 agus Airteagal 154(8) agus (9) de Threoir 2006/48/CE, déanfar iad a cháiliú mar ítimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1, d'ainneoin na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 52 den Rialachán sin.

5. Faoi réir na dteorainneacha a shonraítear in Airteagal 486(4) den Rialachán sin, ítimí, agus na cuntais scairbhisigh ghaolmhara, a cháiligh faoi na bearta náisiúnta trasuímh maidir le pointí (e), (f), (g) nó (h) d'Airteagal 57 de Threoir 2006/48/CE déanfar iad a cháiliú mar ítimí Chaipiteal Leibhéal 2, d'ainneoin nár áiríodh na hítimí sin in Airteagal 62 den Rialachán seo nó d'ainneoin na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 63 den Rialachán sin.

*Airteagal 485*

**Incháilitheacht le cur isteach i nGnáthchothromas Leibhéal 1 de na cuntais scairbhisigh a bhaineann le hítimí a cháiligh mar chistí dílse faoi bhearta náisiúnta trasuímh maidir le Treoir 2006/48/CE**

1. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo ach amháin maidir le hionstraimí a eisíodh roimh an 31 Nollaig 2010 agus nach iad na hionstraimí sin dá dtagraítear in Airteagal 483(1) iad.

2. Cuntais scairbhisigh a bhaineann le caipiteal de réir bhrí Airteagal 22 de Threoir 86/365/CEE, a cháiligh mar chistí dílse bunaidh faoi na bearta náisiúnta trasuímh maidir le pointe (a) d'Airteagal 57 de Threoir 2006/48/CE, cáileoidh siad mar ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos i bpointe (i) agus i bpointe (j) d'Airteagal 28 den Rialachán sin.

*Airteagal 486*

**Teorainneacha ar ítimí a mharthanú in ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1, de Chaipiteal Breise Leibhéal 1 agus de Chaipiteal Leibhéal 2**

1. I rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2021, beidh teorainn leis an méid a cháileoidh na hionstraimí agus ítimí dá dtagraítear in Airteagal 484 mar chistí dílse i gcomhréir leis an Airteagal seo.

2. Tá méid na n-ítimí dá dtagraítear in Airteagal 484(3) a cháileoidh mar ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 teoranta don chéatadán is infheidhme de shuim na méideanna a shonraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) den mhír sin:

(a) méid ainmniúil an chaipitil dá dtagraítear in Airteagal 484(3) a bhí eisithe an 31 Nollaig 2012;

(b) na cuntais scairbhisigh a bhaineann leis na hítimí dá dtagraítear i bpointe (a);

▼B

3. Tá méid na n-ítimí dá dtagraítear in Airteagal 484(4) a cháileoidh mar ítimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 teoranta don chéatadán is infheidhme iolraithe faoin toradh a fhaightear nuair a dhealaítear suim na méideanna a shonraítear i bpointí (c) go (f) den mhír sin ó shuim na méideanna a shonraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) den mhír sin:

(a) méid ainmniúil na n-ionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 484(4) a bhí eisithe fós an 31 Nollaig 2012;

(b) na cuntais scairbhisigh a bhaineann leis na hionstraimí dá dtagraítear i bpointe (a);

(c) méid na n-ionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 484(4) a bhí, an 31 Nollaig 2012, os cionn na dteorainneacha a shonraítear sna bearta náisiúnta trasuímh maidir le pointe (a) d'Airteagal 66(1) agus Airteagal 66(1a) de Threoir 2006/48/CE;

(d) na cuntais scairbhisigh a bhaineann leis na hionstraimí dá dtagraítear i bpointe (c);

(e) méid ainmniúil na n-ionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 484(4) a bhí eisithe an 31 Nollaig 2012 ach nach gcáilíonn mar ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 de bhun Airteagal 489(4);

(f) na cuntais scairbhisigh a bhaineann leis na hionstraimí dá dtagraítear i bpointe (e).

4. Tá méid na n-ítimí dá dtagraítear in Airteagal 484(5) a cháileoidh mar ítimí Chaipiteal Leibhéal 2 teoranta don chéatadán is infheidhme den toradh a fhaightear nuair a dhealaítear suim na méideanna a shonraítear i bpointí (e) go (h) den mhír sin ó shuim na méideanna a shonraítear i bpointe (a) go (d):

(a) méid ainmniúil na n-ionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 484(5) a bhí eisithe fós an 31 Nollaig 2012;

(b) na cuntais scairbhisigh a bhaineann leis na hionstraimí dá dtagraítear i bpointe (a);

►C2 (c) méid ainmniúil an chaipitil ó iasacht fho-ordaithe a bhí fós eisithe an 31 Nollaig 2012, laghdaithe leis ◄ an méid a éilítear de bhun na mbeart náisiúnta trasuímh maidir le pointe (c) d'Airteagal 64(3) de Threoir 2006 /48/CE;

(d) méid ainmniúil na n-ítimí dá dtagraítear in Airteagal 44(5), seachas na hionstraimí agus an caipiteal ó iasacht fho-ordaithe dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (c) den mhír seo, a bhí eisithe an 31 Nollaig 2012;

(e) méid ainmniúil na n-ionstraimí agus na n-ítimí dá dtagraítear in Airteagal 484(5) a bhí eisithe an 31 Nollaig 2012 agus a chuaigh thar na teorainneacha a shonraítear sna bearta náisiúnta trasuímh maidir le pointe (a) d'Airteagal 66(1) de Threoir 2006/48/CE;

(f) na cuntais scairbhisigh a bhaineann leis na hionstraimí dá dtagraítear i bpointe (e);

▼B

(g) méid ainmniúil na n-ionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 484(5) a bhí eisithe an 31 Nollaig 2012 nach gcáilíonn mar ítimí Chaipiteal Leibhéal 2 de bhun Airteagal 490(4);

(h) na cuntais scairbhisigh a bhaineann leis na hionstraimí dá dtagraítear i bpointe (g).

5. Chun críocha an Airteagail seo, tiocfaidh na céatadáin is infheidhme dá dtagraítear i míreanna 2 go 4 faoi na raonta seo a leanas:

(a) 60 % go 80 % le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 o dtí an 31 Nollaig 2014;

(b) 40 % go 70 % i rith na tréimhse ón 01.01.15 go dtí an 31.12.15;

(c) 20 % go 60 % i rith na tréimhse ón 01.01.16 go dtí an 31.12.16;

(d) 0 % go 50 % i rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2017 go dtí an 31 Nollaig 2017;

(e) 0 % go 40 % i rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2018;

(f) 0 % go 30 % i rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2019;

(g) 0 % go 20 % i rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go dtí an 31 Nollaig 2020;

(h) 0 % go 10 % i rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021

6. Déanfaidh na húdaráis inniúla na céatadáin is infheidhme sna raonta a shonraítear i mír 5 a chinneadh agus a fhoilsiú;

*Airteagal 487*

**Ítimí atá eisiata ó mharthanú in ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 agus de Chaipiteal Breise Leibhéal 1 a mharthanú in eilimintí eile de chistí dílse**

1. De mhaolú ar Airteagail 51, 52, 62 agus 63, i rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2021, féadfaidh institiúidí caipiteal, agus na cuntais scairbhisigh ghaolmhara, dá dtagraítear in Airteagal 484(4) a eisiatar ó ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 toisc go sáraíonn siad an céatadán is infheidhme a shonraítear in Airteagal 486(2), a láimhseáil mar ítimí dá dtagraítear in Airteagal 484(4), a mhéid is nach sáraítear, trí áireamh an chaipitil sin agus na gcuntas scairbhisigh gaolmhar, teorainn an chéatadáin is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 486(3).

▼B

2. De mhaolú ar Airteagail 51, 52, 62 agus 63, i rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2021, féadfaidh institiúidí na nithe seo a leanas a láimhseáil mar ítimí dá dtagraítear in Airteagal 484(5), a mhéid is nach sáraítear, trína n-áireamh, teorainn an chéatadáin is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 486(4):

(a) caipiteal, agus na cuntais scairbhisigh ghaolmhara, dá dtagraítear in Airteagal 484(3) a eisiatar ó ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 toisc go sáraíonn siad an céatadán is infheidhme a shonraítear in Airteagal 486(2);

(b) ionstraimí, agus na cuntais scairbhisigh ghaolmhara, dá dtagraítear in Airteagal 484(4) a sháraíonn an céatadán is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 486(3).

3. Forbróidh an ÚBE dréacht-chaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na coinníollacha a shonrú chun ionstraimí cistí dílse dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 a láimhseáil mar ionstraimí a thig faoi Airteagal 486(4) nó faoi Airteagal 486(5) i rith na tréimhse 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2021

▼C1

Cuirfidh an ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Iúil 2013.

▼B

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na dréacht-chaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir lehAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 488*

**Amúchadh ar ítimí a marthanaíodh mar ítimí Chaipiteal Leibhéal 2**

Beidh na hítimí dá dtagraítear in Airteagal 484(5) a cháilíonn mar ítimí Chaipiteal Leibhéal 2 dá dtagraítear in Airteagal 484(5) nó in Airteagal 486(4) faoi réir na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 64.

Foroinn 2

**Ionstraimí ina bhfuil rogha agus dreasacht fuascailte a áireamh in ítimí chaipiteal breise leibhéal 1 agus de chaipiteal leibhéal 2**

*Airteagal 489*

**Ionstraimí hibrideacha ina bhfuil rogha agus dreasacht fuascailte**

1. De mhaolú ar Airteagal 51 agus ar Airteagal 52, i rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2021, maidir leis na hionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 484(4) a gcuimsítear ina dtéarmaí agus ina gcoinníollacha rogha agus dreasacht don institiúid iad a fhuascailt, ►C2 beidh siad faoi réir an Airteagail seo. ◄

▼B

2. Cáileoidh na hionstraimí mar ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 ar an gcoinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) is roimh an 1 Eanáir 2013 amháin a bhí an institiúid in ann rogha le dreasacht fuascailte a fheidhmiú;

(b) níor fheidhmigh an institiúid an rogha;

(c) comhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 52 ón 1 Eanáir 2013.

3. Cáileoidh na hionstraimí mar ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 a bhfuil aithint laghdaithe acu i gcomhréir le hAirteagal 484(4) go dtí dáta a n-aibíochta iarbhír agus cáileoidh siad ina dhiaidh sin mar ítimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 gan aon teorainn, i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) is an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin amháin a bhí an institiúid in ann rogha le dreasacht fuascailte a fheidhmiú;

(b) níor fheidhmigh an institiúid an rogha ar dháta aibíochta iarbhír na n-ionstraimí;

(c) comhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 52 ó dháta aibíochta iarbhír na n-ionstraimí.

4. Ní cháileoidh na hionstraimí mar ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1, agus ní bheidh siad faoi réir Airteagal 484(4) ón 1 Eanáir 2014 i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) is idir an 31 Nollaig 2011 agus an 1 Eanáir 2013 a bhí an institiúid in ann rogha le dreasacht fuascailte a fheidhmiú;

(b) níor fheidhmigh an institiúid an rogha ar dháta aibíochta iarbhír na n-ionstraimí;

(c) ní chomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 52 ó dháta aibíochta iarbhír na n-ionstraimí.

5. Cáileoidh na hionstraimí mar ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 a bhfuil aithint laghdaithe acu i gcomhréir le hAirteagal 484(4) go dtí dáta a n-aibíochta iarbhír agus ní cháileoidh siad ina dhiaidh sin mar ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) is an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin a bhí an institiúid in ann rogha le dreasacht fuascailte a fheidhmiú;

(b) níor fheidhmigh an institiúid an rogha ar dháta aibíochta iarbhír na n-ionstraimí;

(c) ní chomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 52 ó dháta aibíochta iarbhír na n-ionstraimí.

▼**B**

6. Cáileoidh ionstraimí mar ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 i gcomhréir le hAirteagal 484(4) i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) is an 31 Nollaig 2011 nó roimhe sin amháin a bhí an institiúid in ann rogha le dreasacht fuascailte a fheidhmiú;

(b) níor fheidhmigh an institiúid an rogha ar dháta aibíochta iarbhír na n-ionstraimí;

(c) ní chomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 52 ó dháta aibíochta iarbhír na n-ionstraimí.

*Airteagal 490*

**Ítimí Chaipiteal Leibhéal 2 lena ngabhann dreasacht fuascailte**

1. De mhaolú ar Airteagal 62 agus Airteagal 63, i rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2021, maidir le hítimí dá dtagraítear in Airteagal 484(5) a cháiligh faoi na bearta náisiúnta trasuímh maidir le pointe (f) nó le pointe (h) d'Airteagal 57 de Threoir 2006/48/CE agus ina gcuimsítear ina dtéarmaí agus ina gcoinníollacha rogha le dreasacht don institiúid iad a fhuascailt, ►**C2** beidh siad faoi réir an Airteagail seo. ◄

2. Cáileoidh na hítimí mar ionstraimí Chaipiteal Leibhéal 2 má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) is roimh an 1 Eanáir 2013 amháin a bhí an institiúid in ann rogha le dreasacht fuascailte a fheidhmiú;

(b) níor fheidhmigh an institiúid an rogha;

(c) comhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 63 ón 1 Eanáir 2013.

3. Cáileoidh na hítimí mar ítimí Chaipiteal Leibhéal 2 i gcomhréir le hAirteagal 484(5) go dtí dáta a n-aibíochta iarbhír, agus cáileoidh siad ina dhiaidh sin mar ítimí Chaipiteal Leibhéal 2, i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) is an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin amháin a bhí an institiúid in ann rogha le dreasacht fuascailte a fheidhmiú;

(b) níor fheidhmigh an institiúid an rogha ar dháta aibíochta iarbhír na n-ítimí;

(c) comhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 63 ó dháta aibíochta iarbhír na n-ítimí.

▼**C2**

4. Ní cháileoidh na hítimí mar ítimí Chaipiteal Leibhéal 2 ón 1 Eanáir 2013 i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

▼B

(a) is idir an 31 Nollaig 2011 agus an 1 Eanáir 2013 amháin a bhí an institiúid in ann rogha le dreasacht fuascailte a fheidhmiú;

(b) níor fheidhmigh an institiúid an rogha ar dháta aibíochta iarbhír na n-ítimí;

(c) ní chomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 60 ó dháta aibíochta iarbhír na n-ítimí.

5. Cáileoidh na hítimí mar ítimí Chaipiteal Leibhéal 2 a bhfuil aithint laghdaithe acu i gcomhréir le hAirteagal 484(5) go dtí dáta a n-aibíochta iarbhír, agus ní cháileoidh siad ina dhiaidh sin mar ítimí Chaipiteal Leibhéal 2, i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) is an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin a bhí an institiúid in ann rogha le dreasacht fuascailte a fheidhmiú;

(b) níor fheidhmigh an institiúid an rogha ar dháta a n-aibíochta iarbhír;

(c) ní chomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 63 ó dháta aibíochta iarbhír na n-ítimí.

6. Cáileoidh ítimí mar ítimí Chaipiteal Leibhéal 2 i gcomhréir le hAirteagal 484(5), i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) is an 31 Nollaig 2011 nó roimhe sin amháin a bhí an institiúid in ann rogha le dreasacht fuascailte a fheidhmiú;

(b) níor fheidhmigh an institiúid an rogha ar dháta aibíochta iarbhír na n-ítimí;

(c) ní chomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 63 ó dháta aibíochta iarbhír na n-ítimí.

*Airteagal 491*

**Aibíocht iarbhír**

Chun críocha Airteagal 489 agus Airteagal 490, déanfar aibíocht iarbhír a chinneadh mar a leanas:

(a) maidir leis na hítimí dá dtagraítear i mír 3 agus mír 5 de na hAirteagail sin, is ionann é agus dáta na céadrogha le dreasacht fuascailte a tharlóidh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin;

(b) maidir leis na hítimí dá dtagraítear i mír 4 de na hAirteagail sin, is ionann é agus dáta na céadrogha le dreasacht fuascailte a tharlaíonn idir an 31 Nollaig 2011 agus an 1 Eanáir 2013;

▼B

(c) maidir leis na hítimí dá dtagraítear i mír 6 de na hAirteagail sin, is ionann é agus dáta na céadrogha le dreasacht fuascailte a tharla roimh an 31 Nollaig 2011

*CAIBIDIL 3*

***Forálacha idirthréimhseacha maidir le nochtadh cistí dílse***

*Airteagal 492*

**Nochtadh cistí dílse**

1. Cuirfidh na hinstitiúidí an tAirteagal seo i bhfeidhm i rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2021

2. I rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 1 Nollaig 2015, nochtfaidh institiúidí a mhéid a sháraíonn an leibhéal de Ghnáthchothromas Leibhéal 1 agus de Chaipiteal Leibhéal 1 na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 465.

3. I rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2017, nochtfaidh institiúidí an fhaisnéis bhreise seo a leanas maidir lena gcistí dílse:

(a) maidir leis na scagairí agus na hasbhaintí aonair a cuireadh i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagail 467 go 470, 474, 476 agus 479, an cineál a bhí iontu agus a n-éifeacht ar Ghnáthchothromas Leibhéal 1, ar Chaipiteal Breise Leibhéal 1, ar Chaipiteal Leibhéal 2 agus ar chistí dílse;

(b) méideanna na leasanna mionlaigh agus na n-ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 agus de Chaipiteal Leibhéal 2, agus an tuilleamh coinnithe gaolmhara agus na cuntais scairbhisigh ghaolmhara, a d'eisigh fochuideachtaí a áirítear i nGnáthchothromas Leibhéal 1 comhdhlúite, i gCaipiteal Breise Leibhéal 1 comhdhlúite, nó i gCaipiteal Leibhéal 2 comhdhlúite nó i gcistí dílse comhdhlúite i gcomhréir le Roinn 4 de Chaibidil 1;

(c) éifeacht na scagairí agus na n-asbhaintí aonair, a cuireadh i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 481, ar Ghnáthchothromas Leibhéal 1, ar Chaipiteal Breise Leibhéal 1, ar Chaipiteal Leibhéal 2 agus ar chistí dílse;

(d) cineál agus méideanna na n-ítimí a cháilíonn mar ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1, de Chaipiteal Leibhéal 1 agus de Chaipiteal Leibhéal 2 de bhua na maoluithe a shonraítear i Roinn 2 de Chaibidil 2 a chur i bhfeidhm.

4. I rith na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2021, nochtfaidh institiúidí méid na n-ionstraimí a cháilíonn mar ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1, de Chaipiteal Breise Leibhéal 1 agus de Chaipiteal Leibhéal 2 de bhua Airteagal 484 a chur i bhfeidhm.

▼B

5. Forbróidh ÚBE dréacht-chaighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun an teimpléad aonfhoirmeach maidir le nochtadh a shonrú don nochtadh faoin Airteagal seo. Cuimseoidh na teimpléid na hítimí a liostaítear in Airteagal 437, mír 1, pointí (a), (b), (d) agus (e), a leasaítear le Caibidil 1 agus 2 den Teideal seo.

▼C1

Cuirfidh an ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla chur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Iúil 2013.

▼B

Tugtar cumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir lehAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*CAIBIDIL 4*

## *Risíochtaí móra, ceanglais cistí dílse, luamhánú agus íosráta ríofa Basel I*

*Airteagal 493*

### Forálacha idirthréimhseacha maidir le risíochtaí móra

▼M9

1. Ní bheidh feidhm ag na forálacha maidir le risíochtaí móra a leagtar síos in Airteagail 387 go 403 den Rialachán seo maidir le gnólachtaí infheistíochta a mbaineann a bpríomhghnó go heisiach le seirbhísí nó gníomhaíochtaí infheistíochta a sholáthar maidir leis na hionstraimí airgeadais a leagtar amach i bpointí (5),(6), (7), (9), (10) agus (11) de Roinn C d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE agus nach raibh feidhm ag Treoir 2004/39/CEE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] an 10 Bealtaine 1993 maidir leo ar an 31 Nollaig 2006.

__________

▼B

3. De mhaolú ar Airteagal 400 (2) agus (3), ►C1 le linn idirthréimhse go dtí go dtiocfaidh aon ghníomh reachtach i bhfeidhm tar éis an athbhreithnithe i gcomhréir le hAirteagal 507, ach ní tar éis an 31 Nollaig 2028, féadfaidh Ballstáit díolúine iomlán nó díolúine pháirteach a thabhairt i leith na risíochtaí a leanas ◄ ó chur i bhfeidhm Airteagal 395(1):

(a) bannaí faoi chumhdach a thagann faoi chuimsiú Airteagal 129(1), Airteagal 129(3) agus Airteagal 129(6);

[1] Treoir 2004/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais lena leasaítear Treoir 85/611/CEE ón gComhairle agus Treoir 93/6/CEE ón gComhairle agus Treoir 2000/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 93/22/CEE ón gComhairle (IO L 145, 30.4.2004, lch. 1).

▼B

(b) ítimí sócmhainne arb éard iad éilimh ar rialtais réigiúnacha nó ar údaráis áitiúla Ballstát i gcás ina sannfaí ualú priacal 20 % do na héilimh sin faoi Chuid a Trí, Teideal II, Caibidil 2 agus do risíochtaí eile ar na rialtais réigiúnacha nó ar na húdaráis áitiúla sin, nó arna ráthú acu, éilimh a sannfaí ualú priacal 20 % dóibh faoi Chuid a Trí, Teideal II, Caibidil 2;

▼M8

(c) risíochtaí, lena n-áirítear rannpháirteachas nó cineálacha eile sealúchas, a thabhaigh institiúid i leith a máthairchuideachta, i leith fhochuideachtaí eile na máthairchuideachta nó i leith a cuid fochuideachtaí agus a cuid sealúchas cáilitheach féin, sa mhéid is go bhfuil na gnóthais sin faoi chumhdach ag an maoirseacht ar bhonn comhdhlúite a bhfuil an institiúid féin faoina réir, i gcomhréir leis an Rialachán seo, le Treoir 2002/87/CE nó le caighdeáin choibhéiseacha atá i bhfeidhm i dtríú tír; láimhseálfar risíochtaí nach gcomhlíonann na critéir sin, bíodh díolúine acu ó Airteagal 395(1) den Rialachán seo nó ná bíodh, mar risíochtaí ar thríú páirtí;

▼B

(d) ítimí sócmhainne arb éard iad éilimh, agus risíochtaí eile, lena n-áirítear rannpháirteachas nó cineálacha eile sealúchas, ar institiúidí creidmheasa réigiúnacha nó lárnacha lena bhfuil baint ag an institiúid chreidmheasa i líonra i gcomhréir le forálacha dlí nó le forálacha reachtúla agus atá freagrach, faoi na forálacha sin, as oibríochtaí imréitigh airgid laistigh den líonra;

(e) ítimí sócmhainne arb éard iad éilimh, agus risíochtaí eile ar institiúidí creidmheasa arna dtabhú ag institiúidí creidmheasa, a bhfeidhmíonn ceann amháin acu ar bhonn neamhiomaíoch agus a sholáthraíonn nó a ráthaíonn iasachtaí faoi chláir reachtacha nó faoina cuid reachtanna, chun earnálacha sonraithe den gheilleagar a chur chun cinn faoi fhormhaoirseacht rialtais de chineál éigin agus srianta maidir le húsáid na n-iasachtaí, ar an gcoinníoll go dtiocfaidh na risíochtaí faoi seach as iasachtaí den sórt sin a chuirtear ar aghaidh chuig na tairbhithe trí institiúidí creidmheasa nó ó ráthaíochtaí na n-iasachtaí sin;

(f) ítimí sócmhainne arb éard iad éilimh ar institiúidí agus risíochtaí eile orthu, ar an gcoinníoll nach gcuimseoidh na risíochtaí sin cistí dílse na n-institiúidí sin, agus nach maireann níos faide ná an chéad lá gnó eile agus nach bhfuil siad ainmnithe i móirairgeadra trádála;

(g) ítimí sócmhainne arb éard iad éilimh ar bhainc cheannais i bhfoirm na gcúlchistí íosta is gá a sealbhaíonn na bainc cheannais sin atá ainmnithe ina gcuid airgeadraí náisiúnta;

(h) ítimí sócmhainne arb éard iad éilimh ar rialtais láir i bhfoirm ceanglas leachtachta reachtúla a shealbhaítear in urrúis rialtais atá ainmnithe agus cistithe ina gcuid airgeadraí náisiúnta ar an gcoinníoll gombeidh, ag lánrogha an údaráis inniúil, measúnú creidmheasa na rialtas láir sin atá sannta ag IMCS ainmnithe de ghrád infheistíochta;

▼B

(i) 50 % de chreidmheasanna doiciméadacha íospriacal /meánpriacal lasmuigh den chlár comhardaithe agus de shaoráidí creidmheasa neamhtharraingthe íospriacal /meánpriacal lasmuigh den chlár comhardaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn I agus faoi réir chomhaontú na n-údarás inniúil, 80 % de ráthaíochtaí seachas ráthaíochtaí iasachta a bhfuil bonn dlí nó rialála fúthu agus a thugtar dá gcuid comhaltaí trí chomhscéimeanna ráthaíochta a bhfuil stádas acu mar institiúidí creidmheasa;

(j) ráthaíochtaí a cheanglaítear leis an dlí a úsáidtear nuair a íoctar iasacht mhorgáiste atá maoinithe trí bhannaí morgáiste a eisiúint le hiasachtaí an mhorgáiste sula gclárófar an morgáiste den uair dheiridh sa chlár talún, ar an gcoinníoll nach n-úsáidfear an ráthaíocht mar ní a laghdóidh an priacal a bhaineann leis na méideanna risíochta ualaithe ó thaobh priacal a ríomh;

(k) ítimí sócmhainne arb éard iad éilimh agus risíochtaí eile ar mhalairtí aitheanta.

▼M4

4. De mhaolú ar Airteagal 395(1), féadfaidh údaráis inniúla cead a thabhairt d'institiúidí aon cheann de na neamhchosaintí dá bhforáiltear i mír 5 den Airteagal seo a thabhú má chomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach i mír 6 den Airteagal seo, gan dul thar na teorainneacha seo a leanas:

(a) 100 % de chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide go dtí an 31Nollaig 2018;

(b) 75 % de chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide go dtí an 31 Nollaig 2019;

(c) 50 % de chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide go dtí an 31 Nollaig 2020.

Beidh feidhm ag na teorainneacha dá dtagraítear i bpointe (a), i bpointe (b) agus i bpointe (c) den chéad fhomhír maidir le luachanna neamhchosanta ach a gcuirfear san áireamh éifeacht an mhaolaithe riosca chreidmheasa i gcomhréir le hAirteagal 399 go hAirteagal 403.

5. Beidh feidhm ag na socruithe idirthréimhseacha a leagtar amach i mír 4 maidir leis na neamhchosaintí seo a leanas:

(a) míreanna sócmhainne ar éilimh iad ar rialtais láir, ar bhainc cheannais nó ar eintitis earnála poiblí na mBallstát;

(b) míreanna sócmhainne ar éilimh iad arna ráthú go sainráite ag rialtais láir, ag bainc ceannais, nó ag eintitis earnála poiblí na mBallstát;

(c) neamhchosaintí eile ar rialtais láir, ar bhainc ceannais, nó ar eintitis earnála poiblí na mBallstát, nó arna ráthú acu;

▼M4

(d) míreanna sócmhainne ar éilimh iad ar rialtais réigiúnacha nó ar údaráis áitiúla na mBallstát a láimhseáiltear mar neamhchosaintí ar rialtas láir i gcomhréir le hAirteagal 115(2);

(e) neamhchosaintí eile ar rialtais réigiúnacha nó ar údaráis áitiúla na mBallstát, nó arna ráthú acu, a láimhseáiltear mar neamhchosaintí ar rialtas láir i gcomhréir le hAirteagal 115(2).

Chun críocha phointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír, ní bheidh feidhm ag na socruithe idirthréimhseacha a leagtar amach i mír 4 den Airteagal seo ach amháin maidir le míreanna sócmhainne agus neamhchosaintí eile ar eintitis earnála poiblí, nó arna ráthú acu, a láimhseáiltear mar neamhchosaintí ar rialtas láir, rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil i gcomhréir le Airteagal 116(4). I gcás ina láimhseálfar míreanna sócmhainne agus neamhchosaintí eile ar eintitis earnála poiblí, nó arna ráthú ag eintitis earnála poiblí, mar neamhchosaintí ar rialtas réigiúnach nó ar údarás áitiúil i gcomhréir le hAirteagal 116(4), ní bheidh feidhm ag na socruithe idirthréimhseacha a leagtar amach i mír 4 den Airteagal seo ach amháin nuair a láimhseáiltear neamhchosaintí ar an rialtais réigiúnach sin nó ar an údarás áitiúil sin mar neamhchosaintí ar rialtas láir i gcomhréir le hAirteagal 115(2).

6. Ní bheidh feidhm ag na socruithe idirthréimhseacha a leagtar amach i mír 4 den Airteagal seo ach amháin i gcás ina gcomhlíonfaidh neamhchosaint dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo na coinníollacha seo a leanas uile:

(a) shannfaí ualach riosca 0 % don neamhchosaint i gcomhréir leis an leagan d'Airteagal 495(2) atá i bhfeidhm an 31 Nollaig 2017;

(b) an 12 Nollaig 2017 nó tar a éis a tabhaíodh an neamhchosaint.

7. Neamhchosaint dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo a tabhaíodh roimh 12 Nollaig 2017 agus dar sannadh ualú riosca 0 % i gcomhréir le hAirteagal 495(2) ar an 31 Nollaig 2017, díolmhófar í ó chur i bhfeidhm Airteagal 395(1).

▼M8

*Airteagal 494*

**Forálacha idirthréimhseacha maidir leis an gceanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe**

▼C7

1. De mhaolú ar Airteagal 92a ón 27 Meitheamh 2019 go dtí an 31 Nollaig 2021, comhlíonfaidh na hinstitiúidí a shainaithnítear mar eintitis réitigh agus ar eintitis G-SII iad na ceanglais seo a leanas i gcónaí maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe:

▼M8

(a) cóimheas priacalbhunaithe 16 %, a bhaineann le cistí dílse agus dliteanais incháilithe na hinstitiúide arna sloinneadh mar chéatadán de mhéid iomlán na risíochtarisíochta ar phriacal a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 92(3) agus (4);

(b) cóimheas 6 % nach cóimheas priacalbhunaithe é, a bhaineann le cistí dílse agus dliteanais incháilithe na hinstitiúide arna sloinneadh mar chéatadán de thomhas iomlán na risíochta dá dtagraítear in Airteagal 492(4).

▼M8

2. De mhaolú ar Airteagal 72b(3), ón 27 Meitheamh 2019 go dtí an 31 Nollaig 2021, is é 2,5 % de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal a ríomhfar i gcomhréir le hAirteagal 92(3) agus (4) an méid a bhféadfar ionstraimí dliteanas incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 72b(3) a chur san áireamh in ítimí dliteanais incháilithe.

3. De mhaolú ar Airteagal 72b(3), go dtí go ndéanann an t-údarás réitigh a mheasúnú, den chéad uair, an gcomhlíontar an coinníoll a leagtar amach i bpointe (c) den mhír sin, cáileoidh dliteanais mar ionstraimí dliteanas incháilithe suas go dtí méid comhiomlán nach mó, go dtí an 31 Nollaig 2021, ná 2,5 % agus, tar éis an dáta sin, nach mó ná 3,5 % de mhéid iomlán na risíochta ar phriacal a ríomhtar i gcomhréir le mír 3 agus le mír 4 d'Airteagal 92, ar an gcoinníoll go gcomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar síos i bpointe (a) agus i bpointe (b) d'Airteagal 72b(3).

*Airteagal 494a*

**Eisiúintí a mharthanú trí eintitis sainchuspóireacha**

1. De mhaolú ar Airteagal 52, cáileoidh ionstraimí caipitil nár eisigh institiúid go díreach mar ionstraimí Breise Leibhéal 1 go dtí an 31 Nollaig 2021 i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha uile a leanas agus sa chás sin amháin:

(a) na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 52(1), ach amháin an coinníoll a chuireann de cheanglas na hionstraimí a eisiúint go díreach ag an institiúid;

(b) eiseofar na hionstraimí trí eintiteas laistigh den chomhdhlúthú de bhun Chaibidil 2 de Theideal II de Chuid a hAon;

(c) beidh na fáltais ar fáil láithreach gan teorainn, agus i bhfoirm a chomhlíonfaidh na coinníollacha atá leagtha síos sa mhír seo, don institiúid.

2. De mhaolú ar Airteagal 63, cáileoidh ionstraimí caipitil, nár eisigh institiúid go díreach, mar ionstraimí Breise Leibhéal 2 go dtí an 31 Nollaig 2021 i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha uile a leanas agus sa chás sin amháin:

▼C7

(a) na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 63, ach amháin an coinníoll a chuireann de cheanglas na hionstraimí a eisiúint go díreach ag an institiúid;

▼M8

(b) eiseofar na hionstraimí trí eintiteas faoi chuimsiú an chomhdhlúthaithe de bhun Chaibidil 2 de Theideal II de Chuid a hAon;

(c) beidh na fáltais ar fáil láithreach gan teorainn agus i bhfoirm a chomhlíonfaidh na coinníollacha atá leagtha amach sa mhír seo don institiúid.

*Airteagal 494b*

**Ionstraimí cistí dílse agus ionstraimí dliteanais incháilithe a mharthanú**

1. De mhaolú ar Airteagal 51 agus ar Airteagal 52, cáileoidh ionstraimí a eiseofar roimh 27 Meitheamh 2019 mar ionstraimí Chaipiteal Breise Leibhéal 1 ar a dhéanaí go dtí 28 Meitheamh 2015, i gcás ina gcomhlíonfaidh siad na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 51 agus in Airteagal 52, cé is moite de na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe (p), i bpointe (q) agus i bpointe (r) d'Airteagal 52(1).

▼M8

2. De mhaolú ar Airteagal 62 agus ar Airteagal 63, cáileoidh ionstraimí a eiseofar roimh 27 Meitheamh 2019 mar ionstraimí Chaipiteal Leibhéal 2 ar a dhéanaí go dtí 28 Meitheamh 2015, i gcás ina gcomhlíonfaidh siad na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 62 agus in Airteagal 63, cé is moite de na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe (n), i bpointe (o) agus i bpointe (p) d'Airteagal 63.

▼C7

3. De mhaolú ar phointe (a) d'Airteagal 72a(1), féadfaidh dliteanais a eiseofar roimh 27 Meitheamh 2019 cáiliú mar ionstraimí dliteanas incháilithe i gcás ina gcomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 72b, cé is moite de na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe (b)(ii) agus i bpointí (f) go (m) d'Airteagal 72b(2).

▼M13

*Airteagal 494c*

**Marthanacht na suíomhanna urrúsúcháin sinsearacha**

De mhaolú ar Airteagal 270, féadfaidh institiúid tionscnóra na méideanna risíochta a ualaítear de réir priacal de shuíomh urrúsúcháin sinsearach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 260, 262 nó 264 i gcás ina gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:

(a) eisíodh an t-urrúsú roimh an 9 Aibreán 2021;

(b) an 8 Aibreán 2021, chomhlíon an t-urrúsú na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 270 de réir mar is infheidhme ar an dáta sin.

▼B

*Airteagal 495*

**Risíochtaí ar chothromas faoin gCur Chuige IBR a láimhseáil**

1. De mhaolú ar Chaibidil 3 de Chuid a Trí, go dtí an 31 Nollaig 2017, féadfaidh an t-údarás inniúil catagóirí áirithe risíochtaí ar chothromas atá sealbhaithe ag institiúidí agus ag fochuideachtaí AE d'institiúidí sa Bhallstát sin amhail an 31 Nollaig 2007 a dhíolmhú ó láimhseáil de réir chur chuige IRB. Déanfaidh an t-údarás inniúil na catagóirí risíochtaí ar chothromas a bhaineann buntáiste as an láimhseáil sin a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 133 de Threoir 2013/36/AE.

Déanfar an suíomh díolmhaithe a thomhas mar líon na scaireanna amhail an 31 Nollaig 2007 agus aon scair bhreise a thig go díreach as úinéireacht ar na sealúchais sin, ar an gcoinníoll nach méadófar sciar chomhréireach na húinéireachta i gcuideachta phunainne leo.

Má mhéadaítear sciar chomhréireach na húinéireachta i sealúchas sonrach, de bharr éadála, ní bheidh an chuid den sealúchas a rachaidh thar an sciar chomhréireach faoi réir na díolúine. Ní bheidh feidhm ach an oiread ag an díolúine maidir leis na sealúchais a bhí faoi réir na díolúine ar dtús, ach ar díoladh agus ar ceannaíodh ar ais iad.

Beidh risíochtaí ar chothromas a bheidh faoi réir na forála seo faoi réir na gceanglas caipitil a ríomhfar i gcomhréir leis na gCur Chuige Caighdeánaithe faoi Chuid a Trí, Teideal a Dó, Caibidil II agus na gceanglas a leagtar amach i dTeideal IV de Chuid a Trí, más infheidhme.

Tabharfaidh údaráis inniúla fógra don Choimisiún agus doÚBE faoi chur in iúl na míre seo.

▼M11

__________

▼B

3. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla rialála d'fhonn na coinníollacha ar dá réir a thabharfaidh Ballstáit an díolúine dá dtagraítear i mír 1 a shonrú.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh 2014.

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún na dréacht-chaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir lehAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

▼M10

---

▼M8

*Airteagal 497*

**Ceanglais cistí dílse do risíochtaí ar Chontrapháirtithe Lárnacha**

1. I gcás ina n-iarrann contrapháirtí lárnach tríú tír aitheantas i gcomhréir le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, féadfaidh institiúidí an contrapháirtí lárnach sin a mheas mar chon-trapháirtí lárnach cáilitheach ón dáta ar chuir sé isteach an t-iarratas ar aitheantas chuig ESMA agus go dtí ceann de na dátaí seo a leanas:

(a) i gcás ina bhfuil gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 25(6) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 glactha cheana ag an gCoimisiún i dtaca leis an tríú tír ina bhfuil an contrapháirtí bunaithe agus ina bhfuil an gníomh cur chun feidhme tar éis teacht i bhfeidhm, dhá bhliain tar éis chur isteach an iarratais;

(b) i gcás nach bhfuil gníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 25(6) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 glactha cheana ag an gCoimisiún i dtaca leis an tríú tír ina bhfuil an contrapháirtí bunaithe agus nach bhfuil an gníomh cur chun feidhme tagtha i bhfeidhm go fóill, an dáta is luaithe de na dátaí seo a leanas:

(i) dhá bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an ghnímh cur chun feidhme;

(ii) i gcás contrapháirtithe lárnacha a thíolacfaidh an t-iarratas tar éis an 27 Meitheamh 2019, dhá bhliain tar éis an dáta a dtíolacfar an t-iarratas;

(iii) i gcás na gcontrapháirtithe lárnacha sin a thíolacfaidh an t-iarratas roimh an 27 Meitheamh 2019, 28 Meitheamh 2021.

2. Go dtí dul in éag na spriocdhátaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, i gcás nach bhfuil ciste mainneachtana i bhfeidhm ag contrapháirtí lárnach agus nach bhfuil socrú ceangailteach aici lena chomhaltaí imréitigh lena gceadaítear dó an corrlach tosaigh uile nó chuid de a fhaightear óna chomhaltaí imréitigh a úsáid mar a bheidís ina ranníocaíochtaí réamh-mhaoinithe, cuirfidh institiúid an fhoirmle seo a leanas in ionad an fhoirmle cheart chun an ceanglas cistí dílse in Airteagal 308(2) a ríomh:

$$K_{CM_i} = \max\left\{K_{CCP} \cdot \frac{IM_i}{DF_{CCP} + IM};\ 8\,\% \cdot 2\,\% \cdot IM_i\right\}$$

nuair atá:

$K_{CM_i}$ = an ceanglas cistí dílse;

▼**M8**

$K_{CCP}$ = caipiteal hipitéiseach an contrapháirtí lárnaigh cháilithigh a chuir an contrapháirtí lárnach cáilitheach in iúl don institiúid i gcomhréir le hAirteagal 50c de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;

$DF_{CCP}$ = acmhainní airgeadais réamh-mhaoinithe an contrapháirtí lárnaigh a chuir an contrapháirtí lárnach in iúl don institiúid i gcomhréir le hAirteagal 50c de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;

i = an t-innéacs lena gcuirtear an comhalta imréitigh in iúl;

$IM_i$ = an corrlach tosaigh arna bhreacadh i dteannta leis an gcontrapháirtí lárnach ag comhalta imréitigh i; agus

IM = méid iomlán an chorrlaigh tosaigh a chuireann an contrapháirtí lárnach cáilitheach in iúl don institiúid i gcomhréir le hAirteagal 89(5a) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

3. I gcásanna eisceachtúla, i gcás ina mbeidh sé riachtanach agus comhréireach chun saobhadh sna margaí airgeadais idirnáisiúnta a sheachaint, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme agus faoi réir an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 464(2), cinneadh a ghlacadh síneadh 12 mhí a chur, uair amháin, leis na forálacha idirthréimhseacha a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo.

▼**M9**
▼**C5**

*Airteagal 498*

**Díolúine do dhéileálaithe tráchtearraí**

Go dtí an 26 Meitheamh 2021, ní bheidh feidhm ag na forálacha a bhaineann le ceanglais cistí dílse a leagtar amach sa Rialachán seo maidir le gnólachtaí infheistíochta a mbaineann a bpríomhghnó go heisiach le seirbhísí nó gníomhaíochtaí infheistíochta a sholáthar maidir leis na hionstraimí airgeadais a leagtar amach i bpointí (5), (6), (7), (9), (10) agus (11) de Roinn C d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE agus nach raibh feidhm ag Treoir 2004/39/CE ina leith an 31 Nollaig 2006.

▼**B**

*Airteagal 499*

**Luamhánú**

1. De mhaolú ar Airteagal 429 agus Airteagal 430, i rith na tréimhse idir 1 Eanáir 2014 agus an 31 Nollaig 2021, ríomhfaidh agus tuairisceoidh institiúidí an cóimheas luamhánaithe tríd an dá cheann acu seo a leanas a úsáid mar thomhas caipitil:

(a) Caipiteal Leibhéal 1;

(b) Caipiteal Leibhéal 1, faoi réir na maoluithe atá leagtha síos i gCaibidil 1 agus i gCaibidil 2 den Teideal seo.

2. De mhaolú ar Airteagal 451(1), féadfaidh institiúidí rogha a dhéanamh an fhaisnéis faoin gcóimheas luamhánaithe a nochtadh bunaithe ar cheann amháin de na sainmhínithe nó ar an dá shainmhíniú ar thomhas caipitil a shonraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) de mhír 1 den Airteagal sin. I gcás ina n-athraíonn institiúidí a gcinneadh faoi

▼B

cén cóimheas luamhánaithe a nochtfaidh siad, cuimseofar réiteach maidir leis an bhfaisnéis ar gach cóimheas luamhánaithe suas go dtí nóiméad an athraithe sa chéad nochtadh a tharlóidh i ndiaidh athraithe den sórt sin.

▼M8

__________

*Airteagal 500*

**Coigeartú maidir le diúscairtí ollmhóra**

1. De mhaolú ar phointe (a) d'Airteagal 181(1), féadfaidh institiúid a meastacháin LGD a choigeartú trí thionchar diúscairtí ollmhóra risíochtaí a mhainnigh ar LGDanna réadaithe a fhritháireamh go hiomlán nó i bpáirt suas go dtí an difríocht idir na meán LGDanna a mheastar a bheadh i gcás risíochtaí inchomparáide ar mhainneachtain nár leachtaíodh ar deireadh agus na meán LGDanna réadaithe lena n-áirítear ar bhonn na gcaillteanas réadaithe de bharr na ndiúscairtí ollmhóra, a luaithe a bheidh na coinníollacha seo ar fad a leanas á gcomhlíonadh:

(a) tá fógra tugtha ag an institiúid don údarás inniúil maidir le plean a sholáthróidh scála, comhdhéanamh agus dátaí dhiúscairtí na risíochtaí a mhainnigh;

(b) is tar éis an 23 Samhain 2016 ach tráth nach déanaí ná 28 Meitheamh 2022 a rinneadh diúscairtí na risíochtaí a mhainnigh;

▼C7

(c) maidir le méid carnach na risíochtaí a mhainnigh a rinneadh a dhiúscairt ó dháta na chéad diúscartha i gcomhréir leis an bplean dá dtagraítear i bpointe (a), is mó é ná 20 % de mhéid gan íoc gach mainneachtana a breathnaíodh ó dháta na chéad diúscartha dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b).

▼M8

Ní fhéadfaidh an coigeartú dá dtagraítear sa chéad fhomhír a dhéanamh ach suas le 28 Meitheamh 2022 agus d'fhéadfadh sé go mairfeadh a éifeachtaí a fhad agus a áireofar na risíochtaí comhfhreagracha i meastacháin LGD na hinstitiúide féin.

2. Tabharfaidh institiúidí fógra don údarás inniúil gan mhoill ach a gcomhlíonfar an coinníoll a leagtar amach i bpointe (c) de mhír 1.

▼M11

*Airteagal 500a*

**Láimhseáil shealadach fiachais phoiblí arna eisiúint in airgeadra Ballstáit eile**

1. De mhaolú ar Airteagal 114(2), go dtí an 31 Nollaig 2024, do risíochtaí ar rialtais láir agus ar bhainc cheannais na mBallstát, i gcás inar risíochtaí iad sin atá ainmnithe agus cistithe in airgeadra intíre Ballstáit eile, tá feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) go dtí an 31 Nollaig 2022, maidir leis an ualú priacail a chuirtear i bhfeidhm ar na luachanna risíochta, is é a bheidh ann 0 % den ualú priacail a shanntar do na risíochtaí sin i gcomhréir le hAirteagal 114(2);

▼**M11**

(b) in 2023, maidir leis an ualú priacail a chuirtear i bhfeidhm ar na luachanna risíochta, is é a bheidh ann 20 % den ualú priacail a shanntar do na risíochtaí sin i gcomhréir le hAirteagal 114(2);

(c) in 2024, maidir leis an ualú priacail a chuirtear i bhfeidhm ar na luachanna risíochta, is é a bheidh ann 50 % den ualú priacail a shanntar do na risíochtaí sin i gcomhréir le hAirteagal 114(2).

2. De mhaolú ar Airteagail 395(1) agus 493(4), féadfaidh údaráis inniúla cead a thabhairt d'institiúidí na risíochtaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a thabhú, suas go dtí na teorainneacha seo a leanas:

(a) 100 % de chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide go dtí an 31 Nollaig 2023;

(b) 75 % de chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2024;

(c) 50 % de chaipiteal Leibhéal 1 na hinstitiúide idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2025.

Beidh feidhm ag na teorainneacha dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír den mhír seo maidir le luachanna risíochta tar éis éifeacht an mhaolaithe priacail creidmheasa a chur i gcuntas i gcomhréir le hAirteagail 399 go 403.

3. De mhaolú ar phointe (ii) de phointe (d) d'Airteagal 150(1), tar éis an cead a fháil roimh ré ó na húdaráis inniúla agus faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 150, féadfaidh institiúidí an Cur Chuige Caighdeánaithe a chur i bhfeidhm freisin maidir le risíochtaí ar rialtais láir agus ar bhainc cheannais, i gcás ina sanntar ualú priacail 0 % do na risíochtaí sin faoi mhír 1 den Airteagal seo.

*Airteagal 500b*

**Risíochtaí áirithe ar bhainc cheannais a eisiamh go sealadach ón tomhas iomlán risíochta i bhfianaise phaindéim COVID-19**

1. De mhaolú ar Airteagal 429(4), go dtí an 27 Meitheamh 2021, féadfaidh institiúid na risíochtaí seo a leanas ar bhanc ceannais na hinstitiúide a eisiamh óna tomhas iomlán risíochta, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo:

(a) boinn agus nótaí bainc ar airgeadra dlíthiúil iad i ndlínse an bhainc ceannais;

(b) sócmhainní in ionannas le héilimh ar an mbanc ceannais, lena n-áirítear cúlchistí arna sealbhú ag an mbanc ceannais.

Ní mó an méid a eisiann an institiúid ná meánmhéid laethúil na risíochtaí a liostaítear i bpointí (a) agus (b) den chéad fhomhír thar thréimhse cothabhála cúltaca iomlán is déanaí bhanc ceannais na hinstitiúide.

▼**M11**

2. Féadfaidh institiúid na risíochtaí a liostaítear i mír 1 a eisiamh i gcás inar chinn údarás inniúil na hinstitiúide, tar éis dul i gcomhairle leis an mbanc ceannais ábhartha, agus inar fhógair sé go poiblí go bhfuil imthosca eisceachtúla ann a fhágann go bhfuil bonn leis an eisiamh, chun cur chun feidhme beartas airgeadaíochta a éascú.

Comhlíonfaidh na risíochtaí atá le heisiamh faoi mhír 1 an dá choinníoll seo a leanas:

(a) tá siad ainmnithe san airgeadra céanna agus atá na taiscí a ghlac an institiúid;

(b) ní théann a meánaibíocht go suntasach thar mheánaibíocht na dtaiscí a ghlac an institiúid.

Institiúid a eisiann risíochtaí ar a banc ceannais óna tomhas iomlán risíochta i gcomhréir le mír 1, nochtfaidh sí freisin an cóimheas luamhánaithe a bheadh aici mura ndéanfadh sí na risíochtaí sin a eisiamh.

*Airteagal 500c*

**Róluaineachtaí a eisiamh ó ríomh na suiminne cúltástála i bhfianaise phaindéim COVID-19**

De mhaolú ar Airteagal 366(3), féadfaidh údaráis inniúla cead a thabhairt d'institiúidí, in imthosca eisceachtúla agus i gcásanna aonair, na róluaineachtaí atá fianaithe le cúlthástáil na hinstitiúide ar athruithe hipitéiseacha nó iarbhír a eisiamh ó ríomh na suiminne a leagtar amach in Airteagal 366(3), ar choinníoll nach dtagann na róluaineachtaí sin as easnaimh sa tsamhail inmheánach agus ar choinníoll gur tharla siad idir an 1 Eanáir 2020 agus an 31 Nollaig 2021.

*Airteagal 500d*

**Luach risíochta gnáthcheannach agus gnáthdhíolachán atá le socrú a ríomh go sealadach i bhfianaise phaindéim COVID-19**

1. De mhaolú ar Airteagal 429(4), go dtí an 27 Meitheamh 2021, féadfaidh institiúidí luach risíochta gnáthcheannach agus gnáthdhíolachán atá le socrú a ríomh i gcomhréir le míreanna 2, 3 agus 4 den Airteagal seo.

2. Láimhseálfaidh institiúidí airgead tirim a bhaineann le gnáthdhíolacháin agus urrúis a bhaineann le gnáthcheannaigh a fhanann ar an gclár comhardaithe go dtí an dáta socraíochta mar shócmhainní i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 429(4).

3. Déanfaidh institiúidí, i gcomhréir leis an gcreat cuntasaíochta is infheidhme, a chuireann cuntasaíocht dáta trádála i bhfeidhm maidir le gnáthcheannaigh agus gnáthdhíolacháin atá le socrú aon fhritháireamh a fhreaschur idir airgead tirim infhála i leith gnáthdhíolacháin atá le socrú

▼M11

agus airgead tirim iníoctha i leith gnáthcheannaigh atá le socrú a cheadaítear faoin gcreat cuntasaíochta sin. Tar éis do na hinstitiúidí an fritháireamh cuntasaíochta a fhreaschur, féadfaidh siad an t-airgead tirim infhála sin agus an t-airgead tirim iníoctha sin araon a fhritháireamh i gcás ina socraítear na gnáthdhíolacháin agus na gnáthcheannaigh ábhartha araon ar bhonn seachadta in aghaidh íocaíochta.

4. Áireoidh institiúidí, i gcomhréir leis an gcreat cuntasaíochta is infheidhme, a chuireann cuntasaíocht dáta trádála i bhfeidhm maidir le gnáthcheannaigh agus gnáthdhíolacháin atá le socrú, luach ainmniúil iomlán na n-oibleagáidí atá le híoc agus a bhaineann le gnáthcheannaigh sa tomhas risíochta iomlán.

Féadfaidh institiúidí luach ainmniúil iomlán na n-oibleagáidí atá le híoc agus a bhaineann le gnáthcheannaigh a fhritháireamh le luach ainmniúil iomlán an airgid thirim infhála a bhaineann le gnáthdhíolacháin atá le socrú ach amháin i gcás ina gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:

(a) socraítear na gnáthcheannaigh agus na gnáthdhíolacháin araon ar bhonn seachadta in aghaidh íocaíochta;

(b) na sócmhainní airgeadais a ceannaíodh agus a díoladh a mbaineann airgead tirim iníoctha agus airgead tirim infhála leo, déantar iad a thomhas ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas agus áirítear i leabhar trádála na hinstitiúide iad.

5. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn “gnáthcheannach nó gnáthdhíolachán” ceannach nó díolachán urrúis faoi chonradh a n-éilíonn na téarmaí a ghabhann leis go ndéanfar an t-urrús a sheachadadh laistigh den tréimhse ama arna bhunú go ginearálta le dlí nó le gnás sa mhargadh lena mbaineann.

▼M8

*Airteagal 501*

**Coigeartú ar risíochtaí priacail-ualaithe neamh-mhainneachtana ar FBManna**

1. Déanfaidh na hinstitiúidí coigeartú ar na méideanna risíochta priacail-ualaithe le haghaidh risíochtaí neamh-mhainneachtana ar FBM (RWEA), a ríomhfar i gcomhréir le Caibidil 2 nó le Caibidil 3 de Theideal II de Chuid a Trí, de réir mar is infheidhme, i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$RWEA^{*} = RWEA \cdot \frac{\min\{E^{*};\ EUR\ \ 2\,500\,000\} \cdot 0{,}7619 + \max\{E^{*} - EUR\ \ 2\,500\,000;\ 0\} \cdot 0{,}85}{E^{*}}$$

nuair atá:

RWEA = RWEA arna choigeartú le fachtóir tacaíochta FBM; agus

▼C7

Is ionann $E^{*}$ = agus ceachtar díobh seo a leanas:

(a) an méid iomlán a bheidh dlite don institiúid, dá fochuideachtaí, dá máthairghnóthais agus d'fhochuideachtaí eile de chuid na máthairghnóthas sin, lena n-áirítear aon risíocht ar mhainneachtain, ach gan éilimh nó éilimh theagmhasacha, urraithe ar chomhthaobhacht maoine cónaithe, a dhéanann an FBM nó grúpa chliaint nasctha an FBM, san áireamh;

▼C7

(b) sa chás gurb ionann an méid iomlán dá dtagraítear i bpointe (a) agus 0, méid na n-éileamh nó na n-éileamh teagmhasach urraithe ar chomhthaobhacht maoine cónaithe, a dhéanann an FBM nó grúpa chliaint nasctha an FBM atá eisiata ó ríomh an mhéid dá dtagraítear sa phointe sin.

▼M8

2. Chun críocha an Airteagail seo:

(a) cuimseofar an risíocht ar FBM in aicme an mhiondíola nó san aicme chorparáideach nó déanfar é a urrú trí mhorgáistí ar aicmí maoine dochorraithe;

(b) sainmhínítear FBM i gcomhréir le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún [1]; i measc na gcritéar a liostaítear in Airteagal 2 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh sin, ní chuirfear ach an láimhdeachas bliantúil san áireamh;

(c) tabharfaidh na hinstitiúidí céimeanna réasúnacha chun $E^*$ a chinneadh mar is ceart agus an fhaisnéis a cheanglaítear faoi phointe (b) a fháil.

*Airteagal 501a*

**Coigeartú ar cheanglais cistí dílse maidir le priacal creidmheasa i gcás eintitis a oibríonn nó a mhaoiníonn struchtúir nó áiseanna, córais agus líonraí fisiciúla a chuireann seirbhísí poiblí ríthábhachtacha ar fáil nó a thugann tacaíocht dóibh**

1. Ceanglais cistí dílse maidir le priacal creidmheasa arna ríomh i gcomhréir le Teideal II de Chuid III, iolrófar iad faoi fhachtóir 0,75 ar choinníoll go gcomhlíonfaidh an risíocht na critéir seo a leanas go léir:

(a) tá an risíocht ina cuid d'aicme na sócmhainní risíochta corparáideacha nó d'aicme na risíochtaí iasachtaithe speisialaithe, seachas na risíochtaí ar mhainneachtain;

(b) is risíocht í ar eintiteas a cruthaíodh go sonrach chun struchtúir nó áiseanna, córais agus líonraí fisiciúla a chuireann seirbhísí poiblí ríthábhachtacha ar fáil nó a thugann tacaíocht dóibh a mhaoiniú;

(c) is é an t-ioncam a ghintear leis na heintitis a bheith maoinithe nó fóirdheontais, deontais nó cistiú a sholáthrófar le ceann amháin nó níos mó de na heintitis a liostaítear i bpointe (b)(i) agus pointe (b)(ii) de mhír 2 a sheasfaidh do mhéid nach lú ná dhá dtrian d'iomlán fhoinse aisíocaíochta na hoibleagáide, seachas an cumas neamhspleách atá ag fiontar tráchtála níos leithne;

(d) is féidir leis an bhféichiúnaí a oibleagáidí airgeadas a chomhlíonadh fiú má bhíonn dálaí dianstruis ann atá ábhartha i leith phriacal an tionscadail;

(e) tá na sreabha airgid thirim a ghineann an féichiúnaí intuartha agus cumhdaíonn siad na haisíocaíochtaí fiacha uile le linn shaol na hiasachta;

(f) agus fóirdheontais, deontais nó cistiú a sholáthrófar le ceann amháin nó níos mó de na heintitis a liostaítear i bpointí (b)(i) agus (b)(ii) de mhír 2 á gcur san áireamh, tá priacal athmhaoiniúcháin na risíochta íseal nó is leor an maolú a rinneadh air;

---

[1] Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú (IO L124, 20.5.2003, lch. 36).

▼M8

(g) mar gheall ar na socruithe conarthacha, tá ardleibhéal cosanta ag na hiasachtóirí, lena n-áirítear na cineálacha cosanta seo a leanas:

(i) mura mbeidh ioncam an fhéichiúnaithe cistithe ag íocaíochtaí ó líon mór úsáideoirí, beidh forálacha sna socruithe conarthacha lena gcosnaítear go héifeachtach na hiasachtóirí ar chaillteanais a bheadh ann dá gcuirfeadh an páirtí a thoiligh na hearraí nó na seirbhísí a chuireann an féichiúnaí ar fáil deireadh lena thionscadal;

(ii) is leor na cúlchistí atá ag an bhféichiúnaí agus tá siad cistithe go hiomlán le hairgead tirim nó is leor na socruithe airgeadais eile atá aige le ráthaithe ag a bhfuil ardrátáil chun cistiú teagmhasach agus ceanglais caipitil oibre a chumhdach le linn shaolré na sócmhainní dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír seo;

(iii) tá leibhéal substaintiúil smachta ag na hiasachtóirí ar na sócmhainní agus an ioncam a ghineann an féichiúnaí;

(iv) tá sochar na slándála ag na hiasachtóirí, a mhéid is ceadmhach sa dlí is infheidhme i sócmhainní agus conarthaí atá ríthábhachtach do na gnólachtaí bonneagair nó tá sásraí eile acu chun a suíomh a dhéanamh slán;

(v) tá cothromas geallta do na hiasachtóirí sa chaoi gur féidir leo smacht a fháil ar an eintiteas i gcás mainneachtana;

(vi) tá teorainn le húsáid glansreabh airgid tirim oibre tar éis íocaíochtaí éigeantacha ón tionscadal chun críoch seachas freastal ar oibleagáidí fiachais;

(vii) tá srianta conarthacha le cumas an fhéichiúnaí gníomhaíochtaí a dhéanamh is féidir a dhéanfaidh dochar d'iasachtóirí, lena n-áirítear an srian nach féidir fiacha nua a eisiúint gan cead ó sholáthraithe fiacha atá ann cheana;

(h) is sinsearaí an oibleagáid ná aon éilimh eile seachas éilimh reachtúla agus éilimh ó chontrapháirtithe díorthach;

(i) i gcás ina mbeidh an féichiúnaí ag an gcéim tógála, comhlíonfaidh an t-infheisteoir cothromais na critéir seo a leanas, nó, má bhíonn níos mó ná infheisteoir cothromais amháin ann, comhlíonfaidh grúpa infheisteoirí cothromais le chéile iad:

(i) d'éirigh leis na hinfheisteoirí cothromais maoirseacht cheart a dhéanamh roimhe sin ar thionscadail bonneagair agus ar an neart airgeadais agus an saineolas a bhaineann leo;

(ii) baineann priacal íseal mainneachtana leis na hinfheisteoirí, nó is beag an priacal atá ann go gcaillfidh an féichiúnaí go hábhartha má mhainníonn siad;

(iii) Is leor na sásraí atá ar bun chun leas na n-infheisteoirí cothromais a chur in oiriúint do leas na n-iasachtóirí;

▼**M8**

(j) tá go leor cosaintí ag an bhféichiúnaí chun a áirithiú go gcríochnófar an tionscadal de réir na sonraíochta an bhuiséid nó an dáta críochnaithe ar ar aontaíodh; lena n-áirítear ráthaíochtaí láidre maidir le críochnú nó rannpháirtíocht tógálaí, ag a bhfuil taithí, agus forálacha conartha leordhóthanacha lena gcuirfear damáistí leachtaithe ar fáil;

(k) más ábhartha na priacail oibríochta, tá bainistiú ceart á dhéanamh orthu;

(l) úsáidfidh an féichiúnaí teicneolaíocht agus dearadh a tástáladh;

(m) fuarthas na ceadúnais agus na húdaruithe uile is gá;

(n) chun críocha maolaithe priacail amháin a úsáideann an féichiúnaí díorthach;

(o) rinne an féichiúnaí measúnú ar cibé acu a chuidíonn nó nach gcuidíonn na sócmhainní atá á maoiniú leis na cuspóirí comhshaoil seo a leanas:

(i) maolú ar an athrú aeráide;

(ii) oiriúnú don athrú aeráide;

(iii) úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní mara agus iad a chosaint;

(iv) aistriú chuig geilleagar ciorclach, cosc agus athchúrsáil ar dhramhaíl;

(v) cosc agus rialú ar thruailliú;

(vi) éiceachórais shláintiúla a chosaint.

2. Chun críocha phointe (e) de mhír 1, ní mheasfar gur intuartha na sreabha airgid thirim a ghinfear mura gcomhlíonfaidh cuid shubstaintiúil de na hioncaim na coinníollacha seo a leanas:

(a) comhlíonfar ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

(i) is ar infhaighteacht atá na hioncaim bunaithe;

(ii) tá na hioncaim faoi réir rialúchán ráta earraí ar ais;

(iii) tá na hioncaim faoi réir conradh ráta glac nó íoc;

(iv) comhlíonfaidh leibhéal an aschuir nó an úsáid agus an praghas leis/léi féin ceann de na critéir seo a leanas:

— tá sé rialáilte,

— tá sé socraithe le conradh,

— is leor is féidir a thuar ó tá priacal éilimh íseal ann;

▼**M8**

(b) mura mbeidh ioncaim an fhéichiúnaí cistithe le híocaíochtaí ó líon mór úsáideoirí, beidh an páirtí a thoileoidh earraí nó seirbhísí an fhéichiúnaí a cheannach ar cheann de na páirtithe seo a leanas:

(i) banc ceannais, rialtas láir, rialtas réigiúnach nó údarás áitiúil ar choinníoll go sanntar ualú priacail 0 % dóibh i gcomhréir le hAirteagal 114 nó le hAirteagal 115 nó go sanntar rátáil IMCS ag a bhfuil céim cáilíochta creidmheasa dar méid 3 ar a laghad;

(ii) eintiteas earnála poiblí ar choinníoll go sanntar ualú priacail 20 % dó i gcomhréir le hAirteagal 116 nó go sanntar rátáil IMCS dó ag a bhfuil céim cáilíochta creidmheasa dar méid 3 ar a laghad;

(iii) banc forbartha iltaobhacha dá dtagraítear in Airteagal 117(2);

(iv) eagraíocht idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 118;

(v) eintiteas corparáideach ar sannadh rátáil ECAI dó ag a bhfuil céim cáilíochta creidmheasa 3 ar a laghad;

(vi) eintiteas is féidir a ionadú gan athrú suntasacha a chur ar leibhéal agus uainiú ioncam.

3. Tuairisceoidh na hinstitiúidí do na húdaráis inniúla gach sé mhí ar mhéid iomlán na risíochtaí ar eintitis tionscadal bonneagair, arna ríomh i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo.

4. Tuairisceoidh an Coimisiún faoin 28 Meitheamh 2022 ar thionchar na gceanglas cistí dílse a leagtar síos sa Rialachán seo maidir le hiasachtaí a thabhairt d'eintitis tionscadal bonneagair agus do dhaoine nádúrtha agus cuirfidh sé an tuarascáil sin, agus togra reachtach, más iomchuí, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

5. Chun críocha mhír 4, tabharfaidh UBÉ tuairisc orthu seo a leanas don Choimisiún:

(a) anailís ar éabhlóid na gclaontaí agus na gcoinníollacha iasachta i margaí iasachtaithe bonneagair agus maoinithe tionscadal le linn tréimhse dá dtagraítear i mír 4;

(b) anailís ar an méid priacail iarbhír a bhaineann le heintitis dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 le linn timthriall eacnamaíoch iomlán;

(c) comhsheasmhacht an cheanglais cistí dílse a leagtar síos sa Rialachán seo agus torthaí na hanailíse faoi pointí (a) agus (b) den mhír seo.

▼M8

*Airteagal 501b*

**Maolú ar na ceanglais tuairiscithe**

De mhaolú ar Airteagal 430, le linn na tréimhse idir dáta chur i bhfeidhm fhorálacha ábhartha an Rialacháin seo agus dáta chéad thíolacadh na dtuarascálacha arna sonrú I ngach ceann sna caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear san Airteagal sin, féadfaidh údarás inniúil an ceanglas faisnéis a thuairisciú san fhormáid atá sonraithe sna teimpléid atá sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 430(7) a tharscaoileadh i gcás nár tugadh na teimpléid sin cothrom le dáta chun forálacha an Rialacháin seo a léiriú.

▼B

TEIDEAL II

**TUARASCÁLACHA AGUS ATHBHREITHNIÚ**

▼M8

*Airteagal 501c*

**Láimhseáil stuama risíochtaí a bhaineann le cuspóirí comhshaoil agus/nó cuspóirí sóisialta**

▼M13

Déanfaidh ÚBE, i ndiaidh dó dul i gcomhairle le BERS, ar bhonn na sonraí atá ar fáil agus na dtorthaí ón nGrúpa Saineolaithe Ardleibhéil um Maoiniú Inbhuanaithe sa Choimisiún, measúnú ar cibé acu a bheadh nó nach mbeadh údar maith le láimhseáil tiomnaithe stuamachta risíochtaí a bhaineann le sócmhainní, lena n-áirítear urrúsuithe, nó gníomhaíochtaí a bhaineann go mór le cuspóirí comhshaoil agus/nó sóisialta. Go háirithe, déanfaidh ÚBE athbhreithniú ar an méid seo a leanas:

▼M8

(a) modheolaíochtaí maidir le measúnú a dhéanamh ar mhéid priacail iarbhír na risíochtaí a bhaineann le sócmhainní agus gníomhaíochtaí a bhaineann go mór le cuspóirí comhshaoil agus/nó sóisialta i gcomparáid le méid priacail na risíochta eile;

(b) critéir iomchuí a cheapadh le haghaidh measúnú a dhéanamh ar phriacail fhisiciúla agus aistrithe, lena n-áirítear na priacail a bhaineann le dímheas sócmhainní de dheasca athruithe rialála;

(c) iarmhairtí féideartha láimhseála stuamachta tiomnaithe le haghaidh risíochtaí a bhaineann le sócmhainní agus gníomhaíochtaí a bhaineann go mór le cuspóirí comhshaoil agus/nó sóisialta maidir le cobhsaíocht airgeadais agus iasachtú bainc san Aontas.

Cuirfidh ÚBE tuarascáil ina mbeidh a chuid torthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, tráth nach déanaí ná 28 Meitheamh 2025.

Más iomchuí, cuirfidh an Coimisiún togra reachtach bunaithe ar an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

▼B

*Airteagal 502*

**Timthriallacht na gceanglas caipitil**

Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis ÚBE, le BERS agus leis na Ballstáit, agus tuairim BCEá cur san áireamh, faireachán tréimhsiúil féachaint an bhfuil éifeachtaí suntasacha ag an Rialachán seo ina iomláine, mar aon le Treoir 2013/36/AE, ar an timthriall eacnamaíoch agus, i bhfianaise an scrúdaithe sin, measfaidh siad an bhfuil údar le

▼B

bearta ceartaitheacha. Faoin 31 Nollaig 2013, déanfaidh ÚBE tuairisc a thabhairt don Choimisiún ar cheart modheolaíochtaí na n-institiúidí faoin gCur Chuige IBR a chomhtháthú ar mhaithe le ceanglais chaipitil níos inchomparáide, ach comh-thimthriallacht a mhaolú ag an am céanna, agus maidir leis an dóigh a ndéanfaí é sin.

Bunaithe ar an anailís sin agustuairim BCE á cur san áireamh, dréachtóidh an Coimisiún tuarascáil dhébhliantúil agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle í, mar aon le haon tograí iomchuí. Tabharfar aitheantas leormhaith do ranníocaíochtaí ó pháirtithe glactha creidmheasa agus iasachta creidmheasa nuair a bheidh an tuarascáil á dréachtú.

Faoin 31 Nollaig 2014, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú agus tuarascáil ar chur i bhfeidhm Airteagal 33(1)(c) agus cuirfidh sé an tuarascáil sin, agus togra reachtach, más iomchuí, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

Maidir leis an bhféidearthacht Airteagal 33(1)(c) a dhíothú agus maidir leis an bhféidearthacht í a chur i bhfeidhm ar leibhéal an Aontais, áiritheofar go sonrach san athbhreithniú go mbeidh cosaintí leordhóthanacha i bhfeidhm d'fhonn cobhsaíocht airgeadais a áirithiú sna Ballstáit uile.

*Airteagal 503*

**Ceanglais cistí dílse maidir le risíochtaí i bhfoirm bannaí faoi chumhdach**

1. Tabharfaidh an Coimisiún, faoin 31 Nollaig 2014 agus tar éis dó dul i gcomhairle leÚBE, tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, mar aon le haon tograí iomchuí, an bhfuil na hualuithe priacal a leagtar síos in Airteagal 129 agus na ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal shonraigh in Airteagal 336(3) leordhóthanach le haghaidh na n-ionstraimí uile atá cáilithe le haghaidh na láimhseála seo agus an bhfuil na critéir a leagtar síos in Airteagal 129 iomchuí.

2. Tabharfar aird sa tuarascáil agus sna tograí dá dtagraítear i mír 1 do na nithe seo a leanas:

(a) a mhéad a dhéantar idirdhealú leordhóthanach leis na ceanglais rialála caipitil atá ann faoi láthair agus atá infheidhme maidir le bannaí faoi chumhdach ar dhifríochtaí idir cáilíocht chreidmheasa na mbannaí faoi chumhdach agus an chomhthaobhacht a bhfuil na bannaí faoi chumhdach urraithe ina coinne, lena n-áirítear méid na ndifríochtaí i measc na mBallstát;

(b) trédhearcacht mhargaí na mbannaí faoi chumhdach agus a mhéad a éascaítear léi anailís chuimsitheach inmheánach a dhéanann infheisteoirí maidir le priacal creidmheasa na mbannaí faoi chumhdach agus maidir leis an gcomhthaobhacht dhócmhainneacht an eisitheora, lena n-áirítear éifeachtaí maolaithe an dianchreata fholuitigh náisiúnta dlí i gcomhréir le hAirteagal 129 den Rialachán seo agus Airteagal 52 (4) de Threoir 2009/65/CE maidir le cáilíocht creidmheasa fhoriomlán banna atá faoi chumhdach agus na himpleachtaí atá aige sin ar an trédhearcacht atá riachtanach d'infheisteoirí; agus

▼B

(c) a mhéid a bhíonn éifeacht ag eisiúint bannaí cumhdaithe arna ndéanamh ag institiúidí creidmheasa ar priacal creidmheasa a bhfuil creidiúnaithe eile na hinstitiúide eisiúna ar a ris ina choinne.

3. Tar éis dó dul i gcomhairle leÚBE agus faoin 31 Nollaig 2014, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ina ndéarfar ar cheart, faoi choinníollacha áirithe, iasachtaí atá á n-urrú le haerárthaí (lian aerárthaí) agus iasachtaí le haghaidh tithe cónaithe atá n-urrú le ráthaíochtaí, ach gan a bheith urraithe le morgáiste cláraithe, a mheas mar shóchmhainní incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 129.

4. Faoin 31 Nollaig 2016, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar oiriúnacht an mhaolaithe a leagtar amach in Airteagal 496 agus, más ábhartha, ar oiriúnacht láimhseáil chomhchosúil a úsáid d'fhoirm ar bith eile de bhannaí faoi chumhdach. I bhfianaise an athbhreithnithe sin, féadfaidh an Coimisiún, más iomchuí, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 462 d'fhonn an maolú sin a dhéanamh buan nó tograí reachtacha a dhéanamh d'fhonn é a úsáid d'fhoirmeacha eile de bhannaí faoi chumhdach.a bhfuil siad urraithe ina coinne agus an leithscaradh sóchmhainní i gcás

*Airteagal 504*

**Ionstraimí caipitil suibscríofa ag údaráis phoiblí i gcásanna géarchéime**

Tabharfaidh an Coimisiún, faoin 31 Nollaig 2016 agus tar éis dó dul i gcomhairle leis an ÚBE, tuairisc do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, mar aon le tograí iomchuí ar bith, faoinar ghá an láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 28a a leasú nó a scrios.

▼M8

*Airteagal 504a*

**Sealúchais ionstraimí dliteanas incháilithe**

Faoin 28 Meitheamh 2022, cuirfidh ÚBE tuarascáil chuig an gCoimisiún maidir le méideanna agus dáileadh sealúchas d'ionstraimí dliteanas incháilithe ar na hinstitiúidí sin a shainaithnítear mar G-SIInna nó O-SIInna agus maidir leis na bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann do réiteach agus maidir leis an bpriacal gabhála i ndáil leis na sealúchais sin.

Bunaithe ar an tuarascáil ó ÚBE, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle faoin 28 Meitheamh 2023 maidir le láimhseáil iomchuí na sealúchas sin agus, i gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin.

▼B

*Airteagal 505*

**Maoiniú fadtéarmach a athbhreithniú**

Faoin 31 Nollaig 2014, cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, mar aon le haon togra iomchuí, maidir le hoiriúnacht cheanglais an rialacháin sin i bhfianaise an gá atá ann leibhéil leordhóthanacha maoinithe a áirithiú i gcás gach cineál maoinithe fhadtéarmaigh don gheilleagar, lena n-áirítear tionscadail chriticiúla bonneagair san Aontas Eorpach i réimsí an iompair, an fhuinnimh agus na cumarsáide.

▼B

*Airteagal 506*

**Priacal creidmheasa – sainmhíniú ar mhainneachtain**

Tabharfaidh ÚBE tuarascáil don Choimisiún faoin 31 Nollaig 2017 maidir leis an tionchar atá ag 180 lá a chur in ionad 90 lá, mar a fhoráiltear le hAirteagal 174(1) (b), ar mhéideanna risíochta a ualaítear ó thaobh priacal agus maidir lena oiriúnaí a bheadh sé leanúint den fhoráil sin a chur i bhfeidhm i ndiaidh 31 Nollaig 2019

Ar bhonn na tuarascála sin, féadfaidh an Coimisiún togra reachtach a thíolacadh chun leasuithe a dhéanamh ar an Rialachán seo.

▼M13

*Airteagal 506a*

**GCanna ag a bhfuil punann fholuiteach de bhannaí ceannasacha de chuid an limistéir euro**

Déanfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar le BERS agus ÚBE, tuarascáil a fhoilsiú faoin 31 Nollaig 2021 ina ndéanfaidh sé measúnú ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil gá le hathruithe ar an gcreat rialála chun an margadh le haghaidh risíochtaí i bhfoirm aonaid nó scaireanna i GCanna ag a bhfuil punann fholuiteach nach bhfuil inti ach bannaí ceannasacha de chuid Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu, a chur chun cinn mar aon le ceannach na risíochtaí sin ag bainc, i gcás ina bhfuil ualú coibhneasta bhannaí ceannasacha gach Ballstáit i bpunann iomlán an GC comhionann le hualú coibhneasta ranníocaíocht chaipitil gach Ballstáit le BCE.

*Airteagal 506b*

**Urrúsuithe NPE**

1. Déanfaidh ÚBE faireachán ar chur i bhfeidhm Airteagal 269a agus déanfaidh sé meastóireacht ar láimhseáil caipitil rialaithí maidir le hurrúsuithe NPE ag féachaint don staid i ndáil leis an margadh le haghaidh NPEnna i gcoitinne agus don staid i ndáil le margadh urrúsúcháin NPE go háirithe, agus cuirfidh sé tuarascáil ar a thorthaí faoi bhráid an Choimisiúin faoin 10 Deireadh Fómhair 2022.

2. Faoin 10 Aibreán 2023, cuirfidh an Coimisiún, ar bhonn na tuarascála dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar chur i bhfeidhm Airteagal 269a. Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil ón gCoimisiún, i gcás inarb iomchuí.

▼M8

*Airteagal 507*

**Risíochtaí móra**

1. Déanfaidh UBÉ faireachán ar an úsáid a bhaintear as díolúintí a leagtar amach i bpointe (b) d'Airteagal 390(6), i bpointe (f) go pointe (m) d'Airteagal 400(1), agus i bpointe (a), pointe (c) go pointe (g), pointe (i), pointe (j) agus pointe (k) d'Airteagal 400(2) agus faoi cheann 28 Meitheamh 2021, cuirfidh sé tuairisc chuig an gCoimisiún ina ndéantar measúnú ar an tionchar cainníochtúil a bheadh ann dá mbainfí na díolúintí sin nó dá socrófaí teorainn maidir lena n-úsáid. Déanfar measúnú sa tuarascáil sin ar na nithe seo a leanas, go háirithe, i gcás gach díolúine dá bhforáiltear sna hAirteagail sin:

(a) líon na risíochtaí móra atá díolmhaithe i ngach Ballstát;

(b) líon na n-institiúidí a bhaineann úsáid as an díolúine i ngach Ballstát;

(c) méid comhiomlán na risíochtaí móra atá díolmhaithe i ngach Ballstát.

▼M8

2. Faoin 31 Nollaig 2023, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm na maoluithe dá dtagraítear in Airteagal 390(4) agus Airteagal 401(2) maidir leis na modhanna a ndéanfar luach na risíochta ar idirbhearta maoinithe urrús a ríomh, agus go háirithe an gá atá le leasuithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta, lena gcinnfear na modhanna don ríomh sin, a chur san áireamh.

▼B

*Airteagal 508*

**Leibhéal an chur i bhfeidhm**

1. Faoin 31 Nollaig 2014 déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú agus tuarascáil ar chur i bhfeidhm Chuid a hAon, Teideal II, agus Airteagal 113(6) agus 113(7) agus cuirfidh sé an tuarascáil sin, agus togra reachtach, más iomchuí, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

▼M9

___

▼B

*Airteagal 509*

**Ceanglais maidir le leachtacht**

1. Déanfaidh ÚBE faireachán agus meastóireacht ar na tuarascálacha a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal 415(1), thar airgeadraí agus thar shamhlacha éagsúla gnó. Tabharfaidh an ÚBE, i ndiaidh dó dul i gcomhairle le BERS, le húsáideoirí deireanacha neamh-airgeadais, le tionscal na baincéireachta, leis na húdaráis inniúla agus le bainc ceannais de chuid CEBC agus ar bhonn bliantúil agus, den chéad uair faoin 31 Nollaig 2013, tuarascáil don Choimisiún i dtaobh cé acu andóigh go mbeadh tionchar díobhálach ábhartha agag sonrú an cheanglais ghinearálta maidir le cumhdach leachtachta i gCuid a Sé bunaithe ar na critéir maidir le tuairisciú ítimí i gcomhréir le Teideal II de Chuid a Sé agus in Iarscríbhinn III, a bhreithnítear ina n-aonair nó go carnach, ar phróifíl ghnó agus ar phróifíl priacal institiúidí a bhunaítear san Aontais nó ar chobhsaíocht agus feidhmiú rianúil na margaí airgeadais nó ar an ngeilleagar agus ar chobhsaíocht sholáthar iasachtaithe bainc, agus cuirfear fócas faoi leith ar iasachtú chuig FBManna agus ar mhaoiniú trádála, lena n-áirítear iasachtú faoi scéimeanna árachais chreidmheasa onnmhairiúcháin oifigiúla.

Tabharfar aird chuí sa tuarascáil dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar a bhfuil ag titim amach sna margaí agus sa rialáil idirnáisiúnta mar aon le hidirghníomhaíocht an cheanglais maidir le cumhdach leachtachta le ceanglais stuamachta eile faoin rialachán seo amhail cóimheasa caipitil priacal mar a leagtar amach in Airteagal 92 agus sna cóimheasa giarála.

Tabharfar an deis do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle a gcuid tuairimí a chur in iúl maidir leis an tuarascáil dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

2. Déanfaidh ÚBE measúnú ina thuarascáil go háirithe ar an méid seo a leanas:

(a) foráil a dhéanamh do shásraí lena gcuirtear srian ar luach na n-insreabh leachtachta, go háirithe d'fhonn uasteorainn iomchuí insreibhe a chinneadh chomh maith leis na coinníollacha lena cur i bhfeidhm, lena gcuirfear san áireamh samhlacha éagsúla gnó lena n-áirítear maoiniú faoi bhealach, fachtóiriú, léasú, bannaí faoi chumhdach, morgáistí, eisiúint bannaí faoi chumhdach, agus a mhéid ba cheart an chaidhp sin a leasú nó a bhaint chun í a oiriúnú do shonraíochtaí maoinithe speisialaithe;

(b) calabrúchán an mhéid insreabh agus an mhéid eis-sreabh dá dtagraítear i gCuid a Sé Teideal II go háirithe faoi Airteagal 422(7) agus Airteagal 425 (2).

▼B

(c) sásraí a chur ar fáil lena gcuirtear srianta ar na ceanglais maidir le cumhdach leachtachta ag catagóirí ar leith sócmhainní leachtacha, go háirithe an t-íoschéatadán iomchuí do shócmhainní leachtacha dá dtagraítear i bpointí (a) (b) agus (c) de mhír 1 d'Airteagal 416(1) a mheas go dtí iomlán na sócmhainní leachtacha, lena ndéanfaí tairseach 60 % a thástáil agus lena gcuirtear forbairtí rialála idirnáisiúnta san áireamh. Níor cheart go gcuirfí sócmhainní atá dlite nó inghlaoite laistigh de 30 lá féilire i gcuntas sa teorainn 60 % mura bhfuarthas na sócmhainní i gcoinne comhthaobhachta a cháilíonn freisin faoi phointí (a), (b) agus(c) d'Airteagal 416;

(d) foráil a dhéanamh do rátaí sonracha níos ísle eis-sreibhe agus/nó rátaí sonracha níos airde insreibhe a le haghaidh sreabh inghrúpaina shonrófar na coinníollacha sin faoina mbeadh údar leis na rátaí sonracha insreibhe nó eis-sreibhe sin ó thaobh stuamachta de agus ina leagfar amach an achoimre ardleibhéil ar mhodheolaíocht ina n-úsáidtear critéir agus paraiméadair oibiachtúla d'fhonn leibhéil shonracha insreabha agus eis-sreabha a chinneadh idir an institiúid agus an contrapháirtí i gcás nach sa Bhallstát céanna atá siad bunaithe.

(e) calabrú na rátaí íostarraingtí is infheidhme maidir leis an gcreidmheas geallta neamhtharraingthe agus áiseanna leachtachta faoi Airteagal 424(3) agus (5). Déanfaidh ÚBE tástail, go háirithe, ar ráta íostarraingte 100 %;

(f) an sainmhíniú ar thaisce miondíola i bpointe (2) Airteagal 411, go háirithe a oiriúnaí a bheadh sé tairseach a thabhairt isteach maidir le taiscí daoine nádúrtha;

(g) an gá le catagóir nua taisce miondíola a thabhairt isteach lena mbaineann eis-sreabhadh níos ísle i bhfianaise saintréithe taiscí den chineál sin lena bhféadfaí bonn cirt a sholáthar d'eis-sreabhadh níos ísle agus lena gcuirtear forbairtí idirnáisiúnta san áireamh;

(h) maoluithe ó cheanglais maidir le comhdhéanamh na sócmhainní leachtacha a mbeidh sé de cheangal ar institiúidí iad a bheith á sealbhú acu, i gcás inar mó riachtanais chuí-réasúnaithe chomhchoiteanna na n-institiúidí le haghaidh sócmhainní leachtacha ná líon na sócmhainní leachtacha sin atá ar fáil in airgeadra ar leith agus coinníollacha ar cheart do mhaoluithe sin bheith faoina réir;

(i) an sainmhíniú ar tháirgí airgeadais i gcomhréir le Shari'ah mar mhalairt rogha ar shócmhainní a cháileodh mar shócmhainní leachtachta chun críocha Airteagal 416, lena n-úsáid ag bainc a fheidhmíonn i gcomhréir le Shari'ah.

(j) an sainmhíniú ar dhálaí struis, lena n-áirítear prionsabail le haghaidh na húsáide a d'fhéadfaí a bhaint as stoc na sócmhainní leachtacha agus na freagairtí maoirseachta a mbeadh gá leo le go mbeadh institiúidí in ann a gcuid sócmhainní leachtacha a úsáid chun freagairt d'eis-sreabha leachtachta agus conas aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh;

(k) an sainmhíniú ar an ngaol oibríochtúil atá bunaithe le haghaidh custaiméara neamh-airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 422(3)c);

(l) calabrú an ráta eis-sreabhaidh is infheidhme chun a bheith comhfhreagrach le seirbhísí baincéireachta agus bróicéireachta príomha dá datagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 422(4);

▼B

(m) sásraí chun marthanú a dhéanamh ar bhannaí atá ráthaithe ag rialtais agus a eisítear chuig institiúidí creidmheasa mar chuid de bhearta tacaíochta Rialtais, a bhfuil formheas státchabhrach an Aontais acu, amhail bannaí arna n-eisiúint ag an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) in Éirinn nó an Chuideachta um Bainistíocht Sócmhainní sa Spáinn, atá ceaptha chun sócmhainní is cúis le fadhbanna a bhaint de chláir chomhardaithe institiúidí creidmheasa, mar shócmhainní a bhfuil leachtacht agus cáilíocht chreidmheasa thar a bheith ard acu.

3. Tabharfaidh ÚBE, tar éis dó dul i gcomhairle le ÚEUM agus BCE, agus faoin 31 Nollaig 2013, tuarascáil don Choimisiún ar shainmhínithe aonfhoirmeacha iomchuí ar leachtacht ard agus fíor-ard agus ar cháilíocht chreidmheasa sócmhainní inaistrithe chun chríocha Airteagal 416 agus caolchorrlaigh iomchuí do shócmhainní a cháileodh mar shócmhainní leachtacha chun críochta Airteagal 416, cé is moite de na sócmhainní dá dtagraítear i bpointe (a), (b) agus (c) d'Airteagal 416(1).

Tabharfar an deis do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle a gcuid tuairimí a chur in iúl maidir leis an tuarascáil sin.

Ba cheart go ndéanfaí an méid a leanas a mheas sa tuarascáil dá dtagraítear sa chéad fhomhír:

(a) catagóirí eile de shócmhainní incháilithe, go háirithe urrúis chónaithe le taca morgáistí ar cháilíocht ard leachtach agus creidmheasa,

(b) catagóirí eile d'urrúis nó iasachtaí incháilithe bainc cheannais, mar shampla bannaí rialtais áitiúil, agus páipéar tráchtála agus

(c) sócmhainní nach bhfuil incháilithe don bhanc ceannais ach sócmhainní intrádála amhail cothromais a liostaítear ar mhalartán aitheanta, ór, ionstraimí cothromais mórinnéacs, bannaí atá ráthaithe, bannaí faoi chumhdach, agus bannaí agus cistí corparáideacha bunaithe ar na sócmhainní sin, a mheas sa tuarascáil freisin.

4. Leis an tuarascáil dá dtagraítear i mír 3, ba cheart go measfaí ar cheart agus, más ceart, a mhéid a chuirfí áiseanna creidmheasa teannta dá dtagraítear in i bpointe (e) d'Airteagal 416(1)san áireamh mar shócmhainní leachtacha i bhfianaise forbartha idirnáisiúnta agus lena gcuirtear san áireamh sonraíochtaí Eorpacha, lena n-áirítear an chaoi a bhfeidhmítear beartas airgeadaíochta san Aontas.

Déanfaidh an ÚBE tástáil go háirithe ar leordhóthanacht na gcritéar seo a leanas agus ar na leibhéil iomchuí maidir le sainmhínithe den sórt sin:

(a) íosmhéid trádála na sócmhainní

▼B

(b) íosmhéid trádála na sócmhainní, gan íoc

(c) faisnéis praghsála agus iarthrádála thrédhearcach;

(d) na céimeanna den cháilíocht chreidmheasa dá dtagraítear i gCuid 3, Teideal II, Caibidil 2;

(e) cuntas cruthaithe ar chobhsaíocht praghsanna;

(f) méid a trádáladh ar an meán agus meánmhéid na trádála;

(g) an raon tairisceana is atairisceana;

(h) an t-am atá fágtha go dtí an aibíocht;

(i) íoschóimheas láimhdeachais;

5. Faoin 31 Eanáir 2014, tabharfaidh an ÚBE tuarascáil maidir leis an méid seo a leanas chomh maith:

(a) sainmhínithe aonfhoirmeacha ar leachtacht ard agus fíor-ard agus ar cháilíocht chreidmheasa;

(b) iarmhairtí neamhbheartaithe an tsainmhínithe ar shócmhainní leachtacha ar iompar oibríocht bheartas airgeadaíochta agus:

 (i) a mhéid a fhéadfaidh liosta sócmhainní leachtacha atá dínasctha ó liosta sócmhainní incháilithe an bhainc cheannais institiúidí a dhreasú chun sócmhainne incháilithe nach bhfuil san áireamh sa sainmhíniú ar shócmhainní leachtacha in oibríochtaí athmhaoinithe a thíolacadh;

 (ii) a mhéid a fhéadfaidh rialáil leachtachta institiúidí a dhídhreasú ó iasachtaí a thabhairt nó a fháil ar mhargaí airgid neamhurraithe agus an amhlaidh go n-ardódh sé sin ceist i dtaobh an chaoi a bhfuil EONIA á dhíriú agus beartas maoinithe á gcur chun feidhme;

 (iii) a mhéid a fhéadfaidh sé a bheith níos deacra do bhainc cheannais cobhsaíocht praghsanna a áirithiú leis an gcreat beartais airgeadaíochta agus na hionstraimí atá ann cheana nuair a thabharfar an ceanglas maidir el cumhdach leachtachta isteach.

(c) na ceanglais oibriúcháin do shealúchais sócmhainní leachtacha, dá dtagraítear i bpointe (b) go (f) d'Airteagal 417, i gcomhréir le forbairtí rialála idirnáisiúnta.

▼B

*Airteagal 510*

**Ceanglais maidir le Glanchistiúchán Cobhsaí**

1. Faoin 31 Nollaig 2015, tabharfaidh ÚBE tuarascáil don Choimisiún, bunaithe ar na hítímí a mbeidh tuairisc le déanamh orthu i gcomhréir le Cuid a Sé, Teideal III, á rá an mbeadh sé oiriúnach, agus conas a bheadh se oiriúnach, a áirithiú go n-úsáidfidh institiúidí foinsí cobhsaithe cistithe, lena n-áirítear an measúnú ar thionchar ar phróifíl ghnó agus ar phróifíl priacal institiúidí a bhunaítear san Aontas nó ar mhargaí airgeadais nó ar an ngeilleagar agus iasachtú bainc, ar measúnú é ina gcuirfear fócas faoi leith ar iasachtaí a thabhairt do FBManna agus ar mhaoiniú trádála, lena n-áirítear iasachtú faoi scéimeanna árachais chreidmheasa onnmhairiúcháin oifigiúla agus múnlaí maoinithe faoi bhealach agus iasachtú morgáiste comhoiriúnaithe ó thaobh maoinithe de agus faoin dóigh a mbeadh sé oiriúnach é sin a dhéanamh. Déanfaidh ÚBE go háirithe anailís ar an tionchar atá ag foinsí cobhsaithe cistithe ar struchtúir athmhaoinithe samhlacha éagsúla baincéireachta san Aontas.

2. Faoin 31 Nollaig 2015, cuirfidh ÚBE tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin freisin, bunaithe ar na hítímí a bheidh le tuairisciú i gcomhréir le Cuid a Sé, Teideal III agus i gcomhréir le formáidí aonfhoirmeacha tuairiscithe dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 415(3) agus tar éis dul i gcomhairle le BERS, maidir le modheolaíochtaí lena gcinntear suim an chistithe chobhsaí atá ar fáil do na hinstitiúidí agus a éilíonn siad agus maidir leis na sainmhínithe aonfhoirmeacha iomchuí chun an ceanglas sin maidir le glanchistiúchán cobhsaí a ríomh, ina scrúdaítear an méid seo a leanas go háirithe:

(a) na catagóirí agus na hualuithe a chuirtear i bhfeidhm ar fhoinsí cistiúcháin chobhsaí in Airteagal 427(1);

(b) na catagóirí agus na hualuithe a chuirtear i bhfeidhm chun an ceanglas maidir le cistiúchán cobhsaí in Airteagal 428(1) a chinneadh;

(c) leis na modheolaíochtaí, tabharfar dreasachtaí agus dídhreasachtaí mar is iomchuí chun cisitiú cobhsaí fadtéarmach sócmhainní, gníomhaíochtaí gnó, infheistiú agus cistiú d'institiúidí a spreagadh.

(d) an gá atá ann modheolaíochtaí éagsúla a fhorbairt do chineálacha éagsúla institiúidí.

3. Faoin 31 Nollaig 2016, cuirfidh an Coimisiún, más iomchuí, togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis an mbealach a bhféadfar a áirithiú go mbainfidh na hinstitiúidí leas as foinsí cobhsaí cistiúcháin, agus na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 á gcur san áireamh, agus lánaird á tabhairt freisin ar éagsúlacht atá in earnáil bhaincéireachta na hEorpa.

▼M8

4. Déanfaidh UBÉ faireachán ar mhéid an chistiúcháin chobhsaí cheangailtigh chun an priacal cistiúcháin a chumhdach a bhaineann leis na conarthaí díorthach a liostaítear in Iarscríbhinn II agus díorthaigh chreidmheasa in imeacht thréimhse aon bhliana an chóimheasa glanchistiúcháin chobhsaí, go háirithe priacal cistiúcháin todhchaíoch na gconarthaí díorthacha sin a leagtar amach i mír 428s(2) agus mír 428at(2) d'Airteagal 428, agus cuirfidh sé tuarascáil chuig an gCoimisiún faoin deis fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh níos airde nó beart atá níos íogaire ó thaobh priacal de a ghlacadh faoin 28 Meitheamh 2024. Déanfar measúnú sa tuarascáil sin ar na nithe seo a leanas ar a laghad:

▼M8

(a) an deis idirdhealú a dhéanamh ar chonarthaí díorthach atá faoi chumhdach corrlaigh nó gan cumhdach corrlaigh;

(b) an deis an ceanglas a leagtar amach i mír 428s(2) agus 428at(2) d'Airteagal 428 a bhaint, a mhéadú nó a ionadú;

(c) an deis athrú a dhéanamh ar bhonn níos leithne ar láimhseáil conarthaí díorthach i dtaca le ríomh an chóimheasa glanchistiúcháin chobhsaí, mar a leagtar amach in Airteagal 428k(4), 428s(2), pointe (a) agus pointe (b) d'Airteagal 428ag; Airteagal 428ah(2), Airteagal 428al(4), Airteagal 428al(4), Airteagal 428at(2), pointe (a) agus pointe (b) d'Airteagal 428ay agus ag Airteagal 428az(2) agus chun an priacal cistiúcháin a bhaineann leis na conarthaí sin in imeacht thréimhse aon bhliana an chóimheasa glanchistiúcháin chobhsaí a léiriú ar bhealach níos fearr;

(d) an tionchar a bheadh ag na hathruithe sin atá beartaithe ar mhéid an chistiúcháin chobhsaí a theastaíonn le haghaidh chonarthaí díorthach na n-institiúidí.

5. I gcás ina ndéantar, le caighdeáin idirnáisiúnta, difear do láimhseáil conarthaí díorthach a liostaítear in Iarscríbhinn II agus ar dhíorthaigh chreidmheasa chun an cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí a ríomh, déanfaidh an Coimisiún, más iomchuí, agus an tuarascáil dá dtagraítear i mír 4, na hathruithe sin ar chaighdeáin idirnáisiúnta agus éagsúlacht earnáil baincéireachta an Aontais á gcur san áireamh aige, togra reachtach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis an mbealach chun leasú a dhéanamh ar na forálacha maidir le láimhseáil conarthaí díorthach a liostaítear in Iarscríbhinn II agus láimhseáil díorthach creidmheasa chun an cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí, mar a leagtar amach é i dTeideal IV de Chuid a Sé, a ríomh, chun aird níos fearr a thabhairt ar an bpriacal cistiúcháin a bhaineann leis na hidirbhearta sin.

6. Déanfaidh UBÉ faireachán ar mhéid an chistiúcháin chobhsaí a theastaíonn chun an priacal cistiúcháin a chumhdach a bhaineann le hidirbhearta um maoiniú urrús, lena n-áirítear leis na sócmhainní arna bhfáil nó arna dtabhairt sna hidirbhearta sin, agus le hidirbhearta neamhurraithe ag a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná sé mhí le custaiméirí airgeadais agus cuirfidh sé tuairisc chuig an gCoimisiún faoi oiriúnacht na láimhseála sin faoin 28 Meitheamh 2023. Déanfar measúnú sa tuarascáil sin ar na nithe seo a leanas ar a laghad:

(a) an deis fachtóir níos airde cistiúcháin chobhsaí nó fachtóir níos ísle cistiúcháin chobhsaí a chur i bhfeidhm ar idirbhearta um maoiniú urrús le custaiméirí airgeadais agus ar idirbhearta neamhurraithe ag a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná sé mhí le custaiméirí airgeadais chun aird níos fearr a thabhairt ar an bpriacal cistiúcháin a bhaineann leo in imeacht thréimhse aon bhliana an chóimheasa glanchistiúcháin chobhsaí agus ar na héifeachtaí gabhála a d'fhéadfadh a bheith idir chustaiméirí airgeadais;

(b) an deis an láimhseáil a leagtar amach i bpointe (g) d'Airteagal 428r(1) a chur i bhfeidhm ar idirbhearta um maoiniú urrús arna gcomhthaobhú le cineálacha eile sócmhainní;

(c) an deis fachtóirí cistiúcháin chobhsaí a chur i bhfeidhm ar ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe arna n-úsáid in idirbhearta um maoiniú urrús agus idirbhearta caipitil faoi thionchar an mhargaidh de rogha ar an láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 428p(5);

▼M8

(d) oiriúnacht na láimhseála neamhshiméadraí idir dliteanais ag a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná sé mhí arna gcur ar fáil ag custaiméirí airgeadais atá faoi réir fachtóir 0 % den chistiú cobhsaí ar fáil i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 428k(3) agus sócmhainní a thagann as idirbhearta ag a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná sé mhí le custaiméirí airgeadais atá faoi réir fachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh 0 %, 5 % nó 10 % i gcomhréir le pointe (g) d'Airteagal 428r(1), le pointe (c) d'Airteagal 428s(1) agus le pointe (b) d'Airteagal 428v;

(e) an tionchar a bheadh ag tabhairt isteach fachtóra níos airde cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh nó fachtóra níos ísle cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh le haghaidh idirbhearta um maoiniú urrús, go háirithe a bhfuil aibíocht iarmhair acu is lú ná sé mhí le custaiméirí airgeadais, ar leachtacht mhargaidh sócmhainní arna bhfáil mar chomhthaobhacht sna hidirbhearta sin, go háirithe bannaí ceannasacha agus bannaí corparáide;

(f) an tionchar a bheadh ag na hathruithe atá beartaithe ar mhéid an chistiúcháin chobhsaí is gá le haghaidh idirbhearta na n-institiúidí sin, go háirithe le haghaidh idirbhearta um maoiniú urrús ag a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná sé mhí le custaiméirí airgeadais i gcás ina bhfaightear bannaí ceannasacha mar chomhthaobhacht sna hidirbhearta sin.

7. Faoin 28 Meitheamh 2024, déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, agus an tuarascáil dá dtagraítear i mír 6, aon chaighdeáin idirnáisiúnta agus éagsúlacht earnáil baincéireachta an Aontais á gcur san áireamh aige, togra reachtach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle maidir leis an mbealach chun leasú a dhéanamh ar na forálacha maidir le láimhseáil idirbheart um maoiniú urrús, lena n-áirítear an láimhseáil ar na sócmhainní a fhaightear nó a thugtar sna hidirbhearta sin, agus an láimhseáil ar idirbhearta neamhurraithe ag a bhfuil aibíocht iarmhair is lú ná sé mhí le custaiméirí airgeadais chun an cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí, mar a leagtar amach é i dTeideal IV de Chuid a Sé, a ríomh, i gcás ina measfaidh sé gurb iomchuí é maidir le tionchar na láimhseála atá ann cheana ar chóimheas glanchistiúcháin chobhsaí na n-institiúidí agus chun aird níos fearr a thabhairt ar an bpriacal cistiúcháin a bhaineann leis na hidirbhearta sin.

▼C7

8. Faoin 28 Meitheamh 2025, déanfar na fachtóirí cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh a chuirfear i bhfeidhm ar na hidirbhearta dá dtagraítear i bpointe (g) de mhír 428r(1), i bpointe (b) d'Airteagal 428s(1) agus i bpointe (a) d'Airteagal 428v a ardú ó 0 % go 10 %, ó 5 % go 15 % agus ó 10 % go 15 % faoi seach, mura sonrófar a mhalairt i ngníomh reachtach a glacadh ar bhonn togra ón gCoimisiún i gcomhréir le mír 7 den Airteagal seo.

▼M8

9. Déanfaidh UBÉ faireachán ar mhéid an chistiúcháin chobhsaí a bheidh de dhíth chun an priacal cistiúcháin a chumhdach a bhaineann le sealúchais urrús a bhíonn ag institiúidí chun conarthaí díorthach a fhálú. Cuirfidh ÚBE tuarascáil ar oiriúnacht na láimhseála faoi bhráid an Choimisiúin faoin 28 Meitheamh 2023. Déanfar measúnú sa tuarascáil sin ar na nithe seo a leanas ar a laghad:

(a) an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an láimhseáil ar chumas infheisteoirí risíocht a bheith acu ar shócmhainní agus tionchar na láimhseála ar sholáthar creidmheasa in aontas na margaí caipitil;

▼M8

(b) an deis ceanglais cistiúcháin cobhsaí choigeartaithe a chur i bhfeidhm maidir le hurrúis a shealbhaítear chun díorthaigh a fhálú agus a chistítear, go hiomlán nó i bpáirt, le corrlach tosaigh;

(c) an deis ceanglais cistiúcháin cobhsaí choigeartaithe a chur i bhfeidhm maidir le hurrúis a shealbhaítear chun díorthaigh a fhálú agus nach gcistítear le corrlach tosaigh.

10. Faoin 28 Meitheamh 2023 nó bliain amháin tar éis comhaontú ar chaighdeáin idirnáisiúnta a cheapfaidh CBMB, cibé acu is luaithe, déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, agus an tuarascáil dá dtagraítear i mír 9, aon chaighdeáin idirnáisiúnta a cheapfaidh CBMB, éagsúlacht earnáil baincéireachta an Aontais agus aidhmeanna an aontais margaí caipitil á gcur san áireamh aige, togra reachtach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle maidir le conas leasú a dhéanamh ar na forálacha maidir le láimhseáil shealúchais urrús a bhíonn ag institiúidí chun conarthaí díorthach a fhálú d'fhonn an cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí a ríomh mar a leagtar amach i dTeideal IV de Chuid a Sé i gcás ina measfaidh sé féin gurb iomchuí maidir le tionchar na láimhseála atá ann cheana ar chóimheas glanchistiúcháin chobhsaí institiúidí agus d'fhonn aird níos fearr a thabhairt ar an bpriacal cistiúcháin a bhaineann leis na hidirbhearta sin.

11. Déanfaidh ÚBE measúnú cibé acu a bheadh nó nach mbeadh údar maith leis an bhfachtóir cistiúcháin chobhsaí cheangailtigh a laghdú do shócmhainní a úsáidtear le haghaidh seirbhísí imréitigh agus socraíochta do mhiotail lómhara amhail ór, airgead, platanam agus pallaidiam a sholáthar, nó sócmhainní a úsáidtear le haghaidh idirbhearta um maoiniú do mhiotail lómhara, amhail ór, airgead, platanam agus pallaidiam dar téarma 180 lá nó níos lú a sholáthar. Cuirfidh ÚBE a thuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin faoi cheann 28 Meitheamh 2021.

*Airteagal 511*

**Luamhánú**

1. Déanfaidh an Coimisiún, faoin 31 Nollaig 2020, tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle maidir leis an méid seo a leanas:

(a) cé acu is iomchuí nó nach ea formhuirear cóimheasa luamhánaithe a thabhairt isteach le haghaidh (O-SIInna); agus

(b) cé acu is iomchuí nó nach ea sainmhíniú agus ríomh an tomhais iomláin risíochta dá dtagraítear in Airteagal 429(4), lena n-áirítear an láimhseáil ar chúlchistí an bhainc ceannais.

2. Chun críocha na tuarascála dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh an Coimisiún a bhfuil ag titim amach go hidirnáisiúnta agus caighdeáin a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta a chur san áireamh. Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin i gcás inarb iomchuí.

▼B

*Airteagal 512*

**Risíochtaí ar phriacal creidmheasa aistrithe**

Faoin 31 Nollaig 2014, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar thionchar agus ar éifeachtacht fhorálacha Chuid a Cúig chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle i bhfianaise fhorbairtí an mhargaidh idirnáisiúnta.;

▼**M8**

*Airteagal 513*

**Rialacha macrastuamachta**

1. Faoin 30 Meitheamh 2022, agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, measfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle le BERS agus ÚBE, cibé acu is leor nó nach leor na rialacha macrastuamachta sa Rialachán seo agus i dTreoir 2013/36/AE chun priacail shistéamacha a mhaolú in earnálacha, i réigiúin, agus i mBallstáit, agus measfaidh sé freisin:

(a) an bhfuil na huirlisí macrastuamachta reatha atá sa Rialachán nó i dTreoir 2013/36/AE éifeachtach, éifeachtúil agus trédhearcach;

(b) an leordhóthanach an cumhdach agus an méid forluí a d'fhéadfadh a bheith ann leis na huirlisí macrastuamachta chun díriú ar phriacail chomhchosúla sa Rialachán nó i dTreoir 2013/36/AE agus rialacha nua macrastuamachta a mholadh más iomchuí;

(c) an chaoi a n-idirghníomhaíonn na caighdeáin chomhaontuithe idirnáisiúnta d'institiúidí sistéamacha leis na forálacha atá sa Rialachán seo nó i dTreoir 2013/36/AE agus molfaidh sé rialacha nua macrastuamachta más iomchuí lena gcuirfí na caighdeáin chomhaontuithe idirnáisiúnta san áireamh;

(d) ar cheart cineálacha eile ionstraimí, amhail ionstraimí iasachtaíbhunaithe, a chur leis na huirlisí macrastuamachta dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus i dTreoir 2013/36/AE chun ionstraimí caipitealbhunaithe a chomhlánú agus chun úsáid chomhchuibhithe na n-ionstraimí sa mhargadh inmheánach a cheadú; á chur san áireamh an bhfuil sainmhínithe comhchuibhithe na n-ionstraimí sin, agus tuairisciú a sonraí faoi seach ar leibhéal an Aontais, réamhriachtanach maidir le hionstraimí den chineál sin a thabhairt isteach;

(e) ar cheart an ceanglas maoláin cóimheasa luamhánaithe dá dtagraítear in Airteagal 92(1a) a chur i bhfeidhm freisin maidir le hinstitiúidí a bhfuil tábhacht shistéamach leo agus nach G-SIInna iad, ar cheart a chalabrú a bheith éagsúil ón gcalabrú do G-SIInna, agus ar cheart a chalabrú a bheith ag brath ar leibhéal thábhacht shistéamach na hinstitiúide;

(f) ar cheart an chómhalartacht dheonach atá ann faoi láthair maidir le bearta macrastuamachta a dhéanamh éigeantach agus an bonn iomchuí chun é sin a dhéanamh nó nach ea an creat reatha don chómhalartacht dheonach de chuid BERS;

(g) conas is féidir uirlisí nua a shainordú d'údaráis ábhartha an Aontais agus d'údaráis náisiúnta macrastuamachta chun dul i ngleic le priacail shistéamacha atá ag teacht chun cinn mar gheall ar risíochtaí institiúidí creidmheasa ar an earnáil neamhbhainc, go háirithe ó mhargaí díorthach agus ó mhargaí idirbheart um maoiniú urrús, ar an earnáil bainistíochta sócmhainní agus ar earnáil an árachais.

2. Faoin 31 Nollaig 2022, agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, bunaithe ar an gcomhairliúchán a dhéanfar le BERS agus le ÚBE, maidir leis an measúnú dá dtagraítear i mír 1 agus, i gcás inarb iomchuí, cuirfidh sé togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

▼M8

*Airteagal 514*

**An modh chun an luach risíochta ar idirbhearta díorthach a ríomh**

1. Déanfaidh ÚBE, faoin 28 Meitheamh 2023, tuarascáil a thabhairt don Choimisiún faoi thionchar agus faoi chalabrú coibhneasta na gcineálacha cur chuige a leagtar amach i Roinn 3, Roinn 4 agus Roinn 5 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí chun luachanna risíochta idirbheart díorthach a ríomh.

2. Ar bhonn na tuarascála ó ÚBE, déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a thíolacadh chun na cineálacha cur chuige a leagtar amach i Roinn 3, Roinn 4 agus Roinn 5 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí a leasú.

▼B

*Airteagal 515*

**Faireachán agus meastóireacht a dhéanamh**

►C1 1. Cuirfidh ÚBE, i gcomhar le ÚEUM, faoin 28 Meitheamh 2014 tuarascáil i dtoll a chéile maidir le feidhmiú an Rialacháin sin leis na hoibleagáidí lena mbaineann faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ◄, agus go háirithe i dtaca leis na hinstitiúidí a bhfuil contrapháirtí lárnach á bhfeidhmiú acu, chun dúbláil a sheachaint i gcás ceanglas maidir le hidirbhearta díorthacha agus ar an gcaoi sin priacal méadaithe rialála d'údaráis inniúla a sheachaint mar aon le costais bhreise i ndáil le faireachán.

2. Déanfaidh ÚBE faireachán agus meastóireacht ar fheidhmiú na bhforálacha i dtaobh ceanglas cistí dílse maidir le risíochtaí ar chontrapháirtí lárnach a leagtar amach i Roinn 9 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí. Cuirfidh ÚBE tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin, faoin 1 Eanáir 2015, maidir le tionchar agus éifeachtacht na bhforálacha sin.

3. Faoin 31 Nollaig 2016, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar réiteach an Rialacháin sin leis na hoibleagáidí lena mbaineann faoi Rialachán (AE) Uimh 648/2012, na ceanglais cistí dílse a leagtar amach i Roinn 9 de Chaibidil 6 de Theideal II de Chuid a Trí, cuirfidh sé an tuarascáil sin i dtoll a chéile agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle í, agus más iomchuí, cuirfidh sé togra reachtach faoina mbráid freisin.

*Airteagal 516*

**Maoiniú fadtéarmach**

Faoin 31 Nollaig 2015, tuairisceoidh an Coimisiún maidir le tionchar an rialacháin sin i ndáil le hinfheistíochtaí fadtéarmacha a spreagadh i mbonneagar lena gcothaítear fás

*Airteagal 517*

**Sainmhíniú ar chaipiteal incháilithe**

Faoin 31 Nollaig 2014, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú agus tuarascáil ar oiriúnacht an tsainmhínithe ar chaipiteal incháilithe atá á chur i bhfeidhm chun críocha Theideal IV de Chuid a Dó agus Chuid a Ceathair agus cuirfidh sé an tuarascáil sin, agus togra reachtach, más iomchuí, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

▼B

*Airteagal 518*

**Athbhreithniú ar na hionstraimí Caipitil ar féidir iad a dhíluacháil nó a thiontú tráth nach mbeidh inmharthanacht ann**

Faoin 31 Nollaig 2015, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú agus tuairisceoidh sé ar cheart go mbeadh sa Rialachán seo ceanglas go ndéantar ionstraimí caipitil a dhíluacháil i gcás cinnidh nach bhfuil institiúid inmharthanach a thuilleadh. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, agus beidh, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach ina teannta.

▼M8

*Airteagal 518a*

**Athbhreithniú ar na forálacha trasmhainneachtana**

Tráth nach déanaí ná 28 Meitheamh 2022, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú agus measúnú cé acu is iomchuí nó nach ea a cheangal go bhféadfaí tarrtháil inmheánach a dhéanamh ar dhliteanais incháilithe gan clásail trasmhainneachtana i gconarthaí eile a ghníomhachtú, chun a éifeachtaí atá an uirlis tarrthála inmheánaí a neartú agus chun measúnú a dhéanamh cé acu is ceart nó nach ceart foráil neamh-thrasmhainneachtana a thagraíonn do dhliteanais incháilithe a áireamh sna téarmaí nó sna conarthaí lena rialaítear dliteanais eile. Beidh togra reachtach ag gabháil leis an athbhreithniú agus leis an measúnú sin i gcás inarb iomchuí.

▼M11

*Airteagal 518b*

**Tuarascáil maidir le róluaineachtaí agus cumhachtaí maoirseachta chun teorainn a chur le dáileacháin**

Faoin 31 Nollaig 2021, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle á rá an dtugann imthosca eisceachtúla lena spreagtar suaitheadh eacnamaíoch tromchúiseach i bhfeidhmiú ordúil agus i sláine na margaí airgeadais bonn cirt don mhéid seo a leanas:

(a) ceadú d'údaráis inniúla, le linn tréimhsí den sórt sin, róluaineachtaí a eisiamh ó shamhlacha inmheánacha na n-institiúidí i leith priacal margaidh nach dtagann as easnaimh sna samhlacha sin;

(b) cumhachtaí ceangailteacha breise a dheonú d'údaráis inniúla, le linn tréimhsí den sórt sin, chun srianta a fhorchur ar dháileacháin arna ndéanamh ag institiúidí.

Breithneoidh an Coimisiún bearta breise, más iomchuí.

▼B

*Airteagal 519*

**Sócmhainní faoi chistí pinsin sainithe a asbhaint as ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1**

Faoin 30 Meitheamh 2014, ullmhóidh ÚBE tuairisc an dtiocfaidh luaineacht mhíchuí i gcistí dílse institiúidí mar gheall ar an CCI 19 athbhreithnithe de réir mar, taobh leis an laghdú ar ghlansócmainní pinsin arna leagan amach in Airteagal 36(1)(e) agus taobh le hathruithe i glansócmhainní pinsin.

▼B

Agus an tuarascáil óÚBE á cur san áireamh, faoin 31 Nollaig 2014 ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil le cur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis an tsaincheist dá dtagraítear sa chéad fhomhír, le chéile le togra reachtach i gcás inarb iomchuí chun modh láimhseála a thabhairt isteach lena gcoigeartófar glantairbhithe sainithe i ndáil le sócmhainní nó dliteanais i gcistí pinsin d'fhonn cistí dílse a ríomh.

▼M5

*Airteagal 519a*

**Tuairisciú agus athbhreithniú**

Faoin1 Eanáir 2022, tabharfaidh an Coimisiún tuarascáil do Parlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur i bhfeidhm fhorálacha Chaibidil 5 de Theideal II de Chuid a Trí i bhfianaise forbairtí sna margaí urrúsúcháin, lena n-áirítear ó thaobh na macrastuamachta agus na heacnamaíochta de. Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin, más iomchuí, agus déanfar measúnú ann ar na pointí seo a leanas, go háirithe:

(a) an tionchar a bheidh ag an ordlathas modhanna a leagtar amach in Airteagal 254 agus an tionchar a bheidh ag ríomh méideanna risíochta suíomhanna urrúsúcháin a leagtar amach in Airteagal 258 go hAirteagal 266 ar ghníomhaíocht eisiúna agus infheistíochta a dhéanann institiúidí i margaí urrúsúcháin san Aontas;

(b) an tionchar ar chobhsaíocht airgeadais an Aontais agus na mBallstát, ag díriú, go háirithe, ar amhantraíocht ar mhargadh na maoine dochorraithe a d'fhéadfadh a bheith ann agus ar mhéadú ar an idirnasc idir institiúidí airgeadais;

(c) na bearta a bheadh de dhíth chun aon éifeachtaí diúltacha urrúsúcháin ar chobhsaíocht airgeadais a laghdú agus cur ina n-aghaidh, agus an éifeacht dhearfach ar mhaoiniú a chaomhnú san am céanna, lena n-áirítear uasteorainn risíochta ar urrúsuithe a d'fhéadfaí a thabhairt isteach;

(d) na héifeachtaí ar chumas na n-institiúidí airgeadais sruth cistithe cobhsaí inbhuanaithe a chur ar fáil don fhíorgheilleagar, ag díriú ar FBManna go háirithe; agus

▼M13

(e) an chaoi a bhféadfaí critéir maidir le hinbhuanaitheacht comhshaoil a chomhtháthú sa chreat urrrúsaithe, lena n-áirítear i gcás risíochtaí ar urrúsuithe NPE.

▼M5

Sa tuarascáil, cuirfear san áireamh freisin forbairtí rialála i bhfóraim idirnáisiúnta, go háirithe na cinn sin a bhaineann le caighdeáin idirnáisiúnta maidir le hurrúsú.

▼M8

*Airteagal 519b*

**Ceanglais cistí dílse le haghaidh priacal margaidh**

1. Faoin 30 Meán Fómhair 2019, tabharfaidh ÚBE tuarascáil faoin tionchar atá ar institiúidí an Aontais ag caighdeáin idirnáisiúnta chun ceanglais cistí dílse a ríomh i gcás priacal margaidh.

2. Faoin 30 Meitheamh 2020, déanfaidh an Coimisiún, agus torthaí na tuarascála dá dtagraítear i mír 1 agus na caighdeáin idirnáisiúnta agus na cuir chuige a leagtar amach i gCaibidlí 1a agus 1b de Theideal IV de Chuid a Trí á gcur san áireamh, tuarascáil, a mbeidh togra reachtach ag gabháil léi, i gcás inarb iomchuí, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle maidir leis an gcaoi ar féidir caighdeáin idirnáisiúnta maidir le ceanglais leordhóthanacha cistí dílse le haghaidh priacal margaidh a chur chun feidhme.

▼**M8**

TEIDEAL IIA

**RIALACHA A CHUR CHUN FEIDHME**

*Airteagal 519c*

**Uirlis um chomhlíonadh**

1. Forbróidh ÚBE uirlis leictreonach a bheidh dírithe ar chabhrú leis na hinstitiúidí an Rialachán seo agus Treoir 2013/36/AE a chomhlíonadh, mar aon le caighdeáin theicniúla rialála, caighdeáin theicniúla cur chun feidhme, treoirlínte agus teimpléid arna nglacadh chun an Rialachán seo agus an Treoir sin a chur chun feidhme.

2. Cuirfidh an uirlis dá dtagraítear i mír 1 ar chumas gach institiúide an méid seo ar a laghad a dhéanamh:

(a) na forálacha ábhartha atá le comhlíonadh i ndáil le méid agus samhail ghnó na hinstitiúide a shainaithint go mear;

(b) na hathruithe a dhéanfar ar ghníomhartha reachtacha agus ar na forálacha cur chun feidhme, na treoirlínte agus na teimpléid a bhaineann leis an reachtaíocht sin a leanúint.

▼**B**

TEIDEAL III

**LEASUITHE**

*Airteagal 520*

**Leasú ar Rialachán (AE) 648/2012**

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 mar seo a leanas:

(1) Cuirtear an téacs seo a leanas leis an téacs atá i dTeideal IV:

*'CAIBIDIL 4*

***Ríomhanna agus tuairisciú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh 575/2013***

*Airteagal 50a*

**Ríomh an $K_{CPL}$**

▼**C2**

1. Chun críocha Airteagal 308 de Rialachán (AE) Uimh 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, déanfaidh contrapháirtí lárnach,a $K_{CPL}$a ríomh mar a shonraítear é i mír 2 den Airteagal sin maidir le gach conradh agus gach idirbheart atá imréitithe aige agus maidir le gach comhalta imréitigh má thiteann siad laistigh de chumhdach an chiste mhainneachtana a tugadh.

▼**B**

2. Déanfaidh contrapháirtí lárnach an caipiteal hipitéiseach ($K_{CPL}$) a ríomh mar seo a leanas:

$$K_{CCP} = \sum_i max\{EBRM_i - IM_i - DF_i; \mathbf{0}\} \cdot RW \cdot capital\ ratio$$

▼B

nuair atá:

| | | |
|---|---|---|
| $EBRM_i$ | = | luach na risíochta roimh mhaolú an priacal atá cothrom le luach risíochta an chontrapháirtí lárnaigh ar chomhalta imréitigh a thagann as gach conradh agus idirbheart leis an gcomhalta imréitigh sin, arna ríomh gan an chomhthaobhacht a bhreacann an comhalta imréitigh sin a chur san áireamh; |
| $IM_i$ | = | an corrlach tosaigh arna breacadh ag comhalta imréitigh i le contrapháirtí lárnach; |
| $DF_i$ | = | ranníocaíocht réamh-mhaoinithe chomhalta imréitigh i; |
| RW | = | ualú priacal 20 %; |
| cóimheas caipitil | = | 8 %. |

▼C2

Maidir leis na luachanna uile ata sa chéad fhomhír, bainfidh siad leis an luacháil ag deireadh an lae sula malartófar an corrlach a glaodh ar ghlaoch corrlaigh deireanach an lae sin.

▼B

3. Déanfaidh contrapháirtí lárnach an ríomh a cheanglaítear le mír 2 ar bhonn ráithiúil ar a laghad nó níos minice má cheanglaíonn na húdaráis inniúla sin ar na comhaltaí imréitigh sin ar institiúidí iad.

4. Forbróidh ÚBE dréacht-chaighdeáin theicniúla maidir le cur i bhfeidhm lena sonrófar na gnéithe seo a leanas chun críocha mír 3:

(a) minicíochtaí agus dátaí na ríomhanna a leagtar síos i mír 2;

(b) cásanna ina bhféadfadh údarás inniúil institiúide atá ag gníomhú mar chomhalta imréitigh minicíochtaí níos airde de ríomh agus de thuairisciú ná na cinn dá dtagraítear i bpointe (a) a iarraidh.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid na Choimisiúin faoin 01.01.14.

Tugtar cumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir lehAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.'

*Airteagal 50b*

**Rialacha ginearálta maidir le ríomh an $K_{CPL}$**

Chun críocha an ríofa arna leagan síos in Airteagal 50a(2), beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) déanfaidh contrapháirtí lárnach luach a risíochta ar a chomhaltaí imréitigh a róimh mar seo a leanas:

▼C2

(i) risíochtaí mar gheall ar chonarthaí agus idirbhearta a liostáitear in Airteagal 301(1)(a) agus (d) de Rialachán (AE) Uimh 575/2013, déanfaidh sé iad a ríomh i gcomhréir leis an modh um marcáil ón margadh a leagtar síos in Airteagal 274 de;

▼B

(ii) maidir le risíochtaí mar gheall ar chonarthaí liostaithe in Airteagal 301(1)(b), (c) agus (e) de Rialachán (AE) Uimh 575/2013 ríomhfar iad i gcomhréir leis an Modh Cuimsitheach Comhthaobhach Airgeadais a shonraítear in Airteagal 223 den Rialachán seo agus le coigeartuithe maoirseachta luaineachta a shonraítear in Airteagal 223-224 den Rialachán sin; ní bheidh feidhm ag an eisceacht a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 285(3);

(iii) maidir le risíochtaí mar gheall ar idirbhearta nach liostaítear in Airteagal 301(1) de Rialachán (AE) Uimh 575/2013 agus a bhaineann le priacal socraíochta amháin ríomhfar iad i gcomhréir le Roinn a Trí, Teideal V den Rialachán sin.

(b) maidir le hinstitiúidí a thiteann faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh 575/2013is ionann na tacair ghlanluachála agus iad siúd a shainmhínítear faoi Chuid III, Teideal II den Rialachán sin.;

(c) Nuair a dhéanann sé na luachanna sin a ríomh dá dtagraítear i bpointe (a), asbhainfidh an contrapháirtí lárnach an chomhthaobhacht arna breacadh ag a chomhaltaí imréitigh óna risíochtaí, arna laghdú go hiomchuí ag na coigeartuithe luaineachta maoirseachta i gcomhréir leis an Modh Cuimsitheach Comhthaobhach Airgeadais a shonraítear in Airteagal 224 de Rialachán (AE) Uimh 575/2013.

▼C2

__________

▼B

(e) i gcás ina bhfuil risíochtaí ag contrapháirtí lárnach ar chontrapháirtí lárnach amháin nó níos mó, déanfaidh sé risíochtaí den sórt sin a láimhseáil amhail is gur risíochtaí ar chomhaltaí imréitigh iad agus cuirfidh sé aon chorrlach nó ranníocaíochtaí réamh-mhaoinithe a fhaightear ó na contrapháirtithe lárnacha sin san áireamh chun $K_{CPL}$ a ríomh;

(f) I gcás ina bhfuil socrú conarthach ceangailteach i bhfeidhm ag contrapháirtí lárnach lena chomhaltaí imréitigh lena gceadaítear dó an corrlach tosaigh uile a fhaightear óna chomhaltaí imréitigh nó roinnt díobh a úsáid mar a bheidís ina ranníocaíochtaí réamh-mhaoinithe, déanfaidh an contrapháirtí lárnach an chorrlaigh tosaigh sin a mheas mar ranníocaíochtaí réamh-mhaoinithe chun críocha an ríofa i mír 1 agus murab ionann agus corrlach tosaigh.

▼C2

__________

▼B

(h) agus an Modh um Marcáil ón Margadh á chur i bhfeidhm mar a leagtar sin amach in Airteagal 274 de Rialachán (AE) Uimh 575/2013, cuirfidh contrapháirtí lárnach an fhoirmle seo a leanas in ionad na foirmle sin atá i bpointe (c)(ii) in Airteagal 298(1) den Rialachán seo curtha isteach ag OP]:

$$PCE_{red} = 0.15 \cdot PCE_{gross} + 0.85 \cdot NGR \cdot PCE_{gross}$$

▼B

nuair a ríomhtar uimhreoir an NGR i gcomhréir le hAirteagal 274(1) den Rialachán sin agus díreach sula malairtítear na corrlaigh athrúcháin ag deireadh na tréimhse socraíochta, agus is é an t-ainmneoir an costas athsholáthair comhiomláin;

(i) i gcás nach bhfuil contrapháirtí lárnach in ann luach NGR a ríomh mar a leagtar amach i bpointe (c)(ii) d'Airteagal 298(1) de Rialachán (AE) Uimh 575/2013curtha isteach ag OP], déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(i) cuirfidh sé na comhaltaí imréitigh sin atá aige agus atá ina n-institiúidí agus chuig a údaráis inniúla faoina éagumas chun an NGR a ríomh agus na cúiseanna nach raibh sé in ann tabhairt faoin ríomh;

▼C2

(ii) ar feadh tréimhse trí mhí, féadfaidh sé luach NGR 0,3 a úsáid chun PCE red a ríomh mar a shonraítear i bpointe (h) den Airteagal seo;

▼B

(j) i gcás ina mbeadh, ag deireadh na tréimhse a shonraítear i bpointe (ii) de phointe (g), an contrapháirtí lárnach fós neamhábalta luach NGR a ríomh, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(i) stadfaidh sé de $K_{CPL}$ a ríomh;

(ii) tabharfaidh sé fógra do na comhaltaí imréitigh sin ar institiúidí iad agus a n-institiúidí inniúla gur stad sé de $K_{CPL}$ a ríomh;

(k) d'fhonn an risíocht fhéideartha thodhchaíoch a ríomh maidir le roghanna agus roghtálacha faoin Modh um Marcáil ón Margadh a shonraítear in Airteagal 274 de Rialachán (AE) Uimh 575/2013 déanfaidh contrapháirtí lárnach méid barúlach an chonartha a iolrú faoi luach absalóideach dheilt an rogha ($\delta V/\delta p$) mar a shainmhínítear sin i bpointe (a) d'Airteagal 280(1) den Rialachán sin;

(l) nuair atá níos mó ná aon chiste mainneachtana amháin ag contrapháirtí lárnach, déanfaidh sé an ríomh arna leagan síos in Airteagal 50a(2) ar gach ciste mainneachtana ina aonar.

*Airteagal 50c*

**Faisnéis a thuairisciú**

1. Chun críocha Airteagal 308 de Rialachán (AE) Uimh 575/2013curtha isteach ag OP], tuairisceoidh an contrapháirtí lárnach an fhaisnéis seo a leanas chuig na comhaltaí imréitigh sin atá aige agus atá ina n-institiúidí agus chuig a údaráis inniúla.

(a) an caipiteal hipitéiseach ($K_{CPL}$);

(b) suim na ranníocaíochtaí réamh-mhaoinithe (DFCM);

▼B

(c) suim a acmhainní airgeadais réamh-mhaoinithe a bhfuil ceangal air a úsáid - de réir an dlí nó mar gheall ar chomhaontú conarthach lena chomhaltaí imréitigh - chun a chaillteanais a chumhdach mar gheall ar mhainneachtain ceann amháin nó níos mó dá chomhaltaí imréitigh sula n-úsáideann sé ranníocaíochtaí ciste mainneachtana na gcomhaltaí imréitigh eile ($DF_{CPL}$);

(d) líon iomlán a chomhaltaí imréitigh (N);

▼C2

(e) an fachtóir comhchruinnithe (β), mar a leagtar amach é in Airteagal 50d.

---

▼B

Nuair atá níos mó ná aon chiste mainneachtana amháin ag contrapháirtí lárnach, déanfaidh sé an fhaisnéis a thuairisciú sa chéad fhomhír maidir le gach ciste mainneachtana ina aonar

2. Tabharfaidh an contrapháirtí lárnach fógra do na comhaltaí imréitigh sin ar institiúidí iad ar bhonn ráithiúil ar a laghad nó níos minice má cheanglaíonn na húdaráis inniúla sin ar na comhaltaí imréitigh sin.

3. Forbróidh ÚBE dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme d'fhonn an méid seo a leanas a shonrú:

(a) an teimpléad aonfhoirmeach chun críocha an tuairiscithe arna sonrí i mír 1;

(b) minicíochtaí agus dátaí an tuairiscithe dá dtagraítear i mír 2;

(c) cásanna ina bhféadfadh údarás inniúil institiúide atá ag gníomhú mar chomhalta imréitigh minicíochtaí níos airde de thuairisciú ná na cinn dá dtagraítear i bpointe (b) a iarraidh.

Cuirfidh ÚBE na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid na Choimisiúin faoin 1 Eanáir 2014.

Tugtar cumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir lehAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

*Airteagal 50d*

**Ríomh na n-ítímí sonracha a bheidh le tuairisciú ag an gcontrapháirtí lárnach**

Chun críocha na Coda seo, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) Nuair a fhéachtar leis faoi rialacha an chontrapháirtí lárnaigh go n-úsáidfidh sé cuid nó iomlán a n-acmhainní airgeadais taobh leis na ranníocaíochtaí réamh-mhaoinithe óna chomhaltaí imréitigh i gcaoi lena bhfágtar na hacmhainní sin ar chomhchéim le ranníocaíochtaí réamh-mhaointihe ó chomhalta imréitigh i dtéarmaí conas a ionsúitear na caillteanais a thabhaíonn an contrapháirtí lárnach i gcás mainneachtana nó dócmhainneachta ag ceann amháin nó níos mó dá chuid comhaltaí imréitigh, cuirfidh an contrapháirtí lárnach méid comhfhreagrach na n-acmhainní sin leis an DFCM;

▼B

(b) nuair a fhéachtar leis i rialacha contrapháirtí lárnaigh go n-úsáidfidh sé cuid dá acmhainní airgeadais chun a chaillteanais a chumhdach mar gheall ar mhainneachtain ceann amháin nó níos mó dá chomhaltaí imréitigh tar éis a chiste mainneachtana a bheith ídithe, ach sula nglaonn sé ar ranníocaíochtaí a chomhaltaí imréitigh atá geallta go conarthach, déanfaidh an contrapháirtí lárnach méid comfhreagrach na n-acmhainní airgeadais breise sin $(DF^{a}_{CCP})$a chur le méid iomlán na ranníocaíochtaí réamh-mhaoinithe (DF) mar seo a leanas:

$$DF = DF_{CCP} + DF_{CM} + DF^{a}_{CCP}.$$

(c) ríomhfaidh contrapháirtí lárnach an fachtóir comhchruinnithe (β) i gcomhréir leis na foirmle seo a leanas:

$$\beta = \frac{PCE_{red,1} + PCE_{red,2}}{\sum_i PCE_{red,i}}$$

nuair atá:

$PCE_{red,i}$ = an figiúr laghdaithe maidir le risíocht fhéideartha todhchaí ar chreidmheas maidir le gach conradh agus idirbheart contrapháirtí lárnaigh le comhalta imréitigh i;

$PCE_{red,1}$ = an figiúr laghdaithe maidir le risíocht fhéideartha todhchaíoch ar chreidmheas maidir le gach conradh agus idirbheart contrapháirtí lárnaigh leis an gcomhalta imréitigh a bhfuil an luach $PCE_{red}$ is mó aige;

$PCE_{red,2}$ = an figiúr laghdaithe maidir le risíocht fhéideartha todhchaí ar chreidmheas maidir le gach conradh agus idirbheart contrapháirtí lárnaigh le comhalta imréitigh a bhfuil an dara luach $PCE_{red}$ is mó aige;'

(2) In Airteagal 11(15), scriostar pointe (b);

▼C2

(3) Cuirtear isteach an mhír seo a leanas in Airteagal 89:

"5a. Go dtí 15 mhí tar éis an dáta nuair a thagann an ceann is déanaí de na caighdeáin theicniúla rialála i bhfeidhm dá dtagraítear in Airteagail 16, 25, 26, 29, 34, 41, 42, 44, 45, 47 agus 49, nó go dtí go ndéantar cinneadh faoi Airteagal 14 maidir le húdarú an chontrapháirtí lárnaigh, cibé dáta is luaithe, cuirfidh an contrapháirtí lárnach sin an láimhseáil sin i bhfeidhm a shonraítear sa tríú fomhír den mhír seo.

Go dtí 15 mhí tar éis an dáta nuair a thagann an ceann is déanaí de na caighdeáin theicniúla rialála i bhfeidhm dá dtagraítear in Airteagail 16, 25, 26, 29, 34, 41, 42, 44, 45, 47 agus 49, nó go dtí go ndéantar cinneadh faoi Airteagal 25 maidir le húdarú an chontrapháirtí lárnaigh, cibé dáta is luaithe, cuirfidh an contrapháirtí lárnach sin an láimhseáil sin i bhfeidhm a shonraítear sa tríú fomhír den mhír seo.

▼C2

Go dtí na sprioc-amanna a shainítear sa chéad dá fomhír den mhír seo, agus faoi réir an ceathrú mír den mhír seo, i gcás nach bhfuil ciste mainneachtana ag contrapháirtí lárnach agus nach bhfuil socrú ceangailteach i bhfeidhm aige lena chomhaltaí imréitigh lena ligtear dó an corrlach tosaigh ina iomláine, nó cuid de, a úsáid mar chorrlach a fuair sé óna chomhaltaí imréitigh amhail is go mba ranníocaíochtaí réamhchistithe iad, áireofar san fhaisnéis a thuairscíonn sé i gcomhréir le hAirteagal 50a(1) méid iomlán an chorrlaigh tosaigh a fuair sé óna chomhaltaí imréitigh (CI).

Maidir leis na spriocdhátaí dá dtagraítear sa chéad agus sa dara fomhír den mhír seo, féadfar iad a shíneadh sé mhí breise i gcomhréir le gníomh cur chun feidhme ón gCoimisiún arna ghlacadh de bhun Airteagal 497(3) de Rialachán (AE) Uimh 575/2013 a ghlacadh."

▼B

CUID a hAON DÉAG

## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 521*

### Teacht i bhfeidhm agus an dáta cur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2014, seachas:

(a) Airteagail 8(3), 21 agus Airteagal 451(1), a mbeidh feidhm acu ón 1 Eanáir 2015;

(b) Airteagal 413(1), a mbeidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2016;

▼C1

(c) forálacha an Rialacháin seo lena gcuirtear ceanglas ar ÚMEanna dréachtchaighdeáin theicniúla a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus forálacha an Rialacháin sin lena dtugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe nó gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh a mbeidh feidhm acu ón 28 Meitheamh 2013.

▼B

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

▼B

*IARSCRÍBHINN I*

**Aicmiú ítimí atá lasmuigh den chlár comhardaithe**

1. Lánphriacal:

(a) ráthaíochtaí de chineál ionadaithe creidmheasa, (e.g. ráthaíochtaí chun saoráidí creidmheasa a íoc go cuí);

(b) díorthaigh chreidmheasa;

(c) glacachtaí;

▼M9

(d) formhuinithe ar bhillí nach bhfuil ainm institiúide nó gnólachta infheistíochta eile orthu;

▼B

(e) idirbhearta a bhfuil iontaoibh iomlán acu (e.g. fachtóireacht, saoráidí um lascainí ar shonraisc);

(f) litreacha creidmheasa teannta neamh-inchúlghairthe de chineál ionadaithe creidmheasa;

(g) sócmhainní a ceannaíodh faoi chomhaontuithe réamhcheannaigh glan amach;

(h) réamhthaiscí réamh-mhalairte;

(i) cion neamhíoctha de scaireanna agus d'urrúis atá páirtíoctha;

(j) comhaontuithe maidir le sócmhainní a dhíol agus a athcheannach mar atá sainithe in Airteagal 12(3) agus in Airteagal (5) de Threoir 86/635/CEE,

(k) ítimí eile ina n-iompraítear lánpriacal freisin.

2. Meánphriacal:

(a) maoiniú trádála atá lasmuigh den chlár comhardaithe, amhail:

creidmheasanna doiciméadacha eisithe nó dearbhaithe (féach 'Meánphriacal /íospriacal' chomh maith);

(b) ítimí eile atá lasmuigh den chlár comhardaithe:

(i) ráthaíochtaí muiriompair, bannaí custaim agus cánach

(ii) saoráidí creidmheasa neamhtharraingthe (comhaontuithe maidir le hiasachtaí a thabhairt, urrúis a cheannach, ráthaíochtaí nó saoráidí glactha a chur ar fáil) a bhfuil aibíocht tosaigh níos faide ná bliain amháin acu,

(iii) Saoráidí eisiúna nótaí (NIFanna) agus saoráidí frithgheallta imrothlacha (RUFanna);

(iv) Ítimí eile ina n-iompraítear meánphriacal agus mar a thuairiscítear iad doÚBE.

3. Meánphriacal /íosphriacal:

(a) maoiniú trádála atá lasmuigh den chlár comhardaithe:

(i) creidmheasanna doiciméadacha ina bhfuil loingsiú bunúsach ina chomhthaobhacht agus idirbhearta féinleachtaitheacha eile;

▼**B**

(ii) barántais (lena n-áirítear bannaí tairisceana agus feidhmíochta agus ráthaíochtaí gaolmhara maidir le réamh-mhaoiniú agus coinneáil) agus ráthaíochtaí nach de chineál ionadaithe creidmheasa iad;

(iii) Litreacha creidmheasa teannta neamh-inchúlghairthe nach de chineál ionadaithe creidmheasa iad.

(b) ítimí eile atá lasmuigh den chlár comhardaithe:

(i) saoráidí creidmheasa neamhtharraingthe ina gcuimsítear comhaontuithe maidir le hiasachtaí a thabhairt, urrúis a cheannach, ráthaíochtaí nó saoráidí glactha a chur ar fáil a bhfuil aibíocht tosaigh suas le bliain amháin acu, nó bliain amháin, nach féidir a chur ar ceal gan choinníoll tráth ar bith gan fógra nó nach bhforáiltear go héifeachtach iontu d'uathchealú de bharr meathlaithe in acmhainneacht chreidmheasa an iasachtaí;

(ii) ítimí eile ina n-iompraítear meánphriacal /íosphriacal agus mar a thuairiscítear iad do ÚBE.

4. Íosphriacal:

(a) Saoráidí creidmheasa neamhtharraingthe ina gcuimsítear comhaontuithe maidir le hiasachtaí a thabhairt, urrúis a cheannach, ráthaíochtaí nó saoráidí glactha a chur ar fáil agus is féidir a chur ar ceal gan choinníoll tráth ar bith gan fógra, nó nach bhforáiltear go héifeachtach iontu d'uathchealú de bharr meathlaithe in acmhainneacht chreidmheasa an iasachtaí. Féadfar a mheas go bhfuil na línte creidmheasa miondíola inchealaithe go neamhchoinníollach má cheadaíonn na téarmaí don institiúid na línte sin a chealú an oiread atá ceadaithe faoi reachtaíocht cosanta tomhaltóirí agus faoi reachtaíocht ghaolmhar;

(b) saoráidí creidmheasa neamhtharraingthe le haghaidh ráthaíochtaí tairisceana agus feidhmíochta ar féidir a chur ar ceal gan choinníoll tráth ar bith gan fógra, nó nach bhforáiltear go héifeachtach iontu d'uathchealú de bharr meathlaithe in acmhainneacht chreidmheasa an iasachtaí; agus

(c) Ítimí eile ina n-iompraítear íospriacal agus mar a thuairiscítear iad do ÚBE.

▼B

*IARSCRÍBHINN II*

**Cineálacha díorthach**

1. Conarthaí ráta úis

(a) babhtálacha rátaí úis airgeadra aonair;

(b) babhtálacha bonnrátaí;

(c) comhaontuithe ar réamhráta;

(d) todhchaíochtaí ráta úis;

▼M8

(e) roghanna rátaí úis;

▼B

(f) conarthaí eile dá samhail.

2. Conarthaí i malairt eachtrach agus conarthaí maidir le hór:

(a) babhtálacha rátaí úis trasairgeadra;

(b) réamhchonarthaí i malairt eachtrach;

(c) todhchaíochtaí airgeadra;

▼M8

(d) roghanna airgeadra;

▼B

(e) conarthaí eile dá samhail;

(f) conarthaí de shamhail (a) go (e) maidir le hór.

▼M8

3. Conarthaí de shamhail na gconarthaí sin i bpointí 1(a) go (e) agus i bpointí 2(a) go (d) den Iarscríbhinn seo maidir le hítimí nó innéacsanna tagartha eile. Áirítear leis sin ar a laghad gach ionstraim a shonraítear i bpointí (4) to (7), (9), (10) agus (11) de Roinn C d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE nach n-áirítear ar shlí eile i bpointe 1 ná i bpointe 2 den Iarscríbhinn seo.

▼B

*IARSCRÍBHINN III*

**Ítimí faoi réir tuairiscithe fhorlíontaigh maidir le sócmhainní leachtacha**

1. Airgead tirim;

2. risíochtaí i gcúlchistí bainc ceannais, a mhéid is gur féidir na neamhchonsaintí sin a íostarraingt i dtréimhsí struis;

3. urrúis inaistrithe in ionannas le héilimh ar stáit, ar bhainc cheannais, ar eintiteas earnála poiblí neamhrialtais lárnaigh, ar réigiúin a bhfuil neamhspleáchas buiséadach acu chun cáin a ghearradh agus a bhailiú agus ar údaráis áitiúla, ar an mBanc le haghaidh Socruithe Idirnáisiúnta, ar an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, ar an Aontas Eorpach, ar an Saoráid Chobhsaíochta Airgeadais Eorpach, ar an Sásra Cobhsaíochta Eorpach, nó ar bhainc forbartha iltaobhacha, nó éilimh a ráthaíonn siad, agus na coinníollacha seo ar fad a leanas á gcomhlíonadh:

   (a) sanntar ualú priacal 0 % dóibh faoi Chuid a Trí de Theideal II, Caibidil 2;

▼M9

   (b) ní oibleagáid de chuid institiúide nó gnólachta infheistíochta nó de chuid ceann ar bith dá heintitis chleamhnaithe iad.

▼B

4. urrúis inaistrithe seachas na hurrúis sin dá dtagraítear i bpointe (3) agus iad in ionannas le héilimh ar stáit nó ar bhainc cheannais nó le héilimh a ráthaíonn siad acu, a d'eisigh an stát nó an banc ceannais in airgeadraí intíre san airgeadra agus sa tír ina nglactar an priacal leachtachta nó ina eisítear é in airgeadra eachtrach, a mhéad atá sealbhú féich den sórt sin comhoiriúnach le riachtanais leachtachta oibríochtaí an bhainc sa tríú tír sin;

5. Urrúis inaistrithe in ionannas le héilimh ar stáit, ar bhainc cheannais, ar eintitis earnála poiblí neamhrialtais lárnaigh, ar réigiúin a bhfuil neamhspleáchas buiséadach acu chun cáin a ghearradh agus a bhailiú agus ar údaráis áitiúla, nó ar bhainc forbartha iltaobhacha agus na coinníollacha seo a leanas ar fad á gcomhlíonadh:

   (a) sanntar ualú priacal 20 % dóibh faoi Cuid a Trí de Theideal II, Caibidil 2;

▼M9

   (b) ní oibleagáid de chuid institiúide nó gnólachta infheistíochta nó de chuid ceann ar bith dá heintitis chleamhnaithe iad.

▼B

6. urrúis inaistrithe seachas na hurrúis sin dá dtagraítear i bpointí 3, 4 agus 5 a cháilíonn d'ualú priacal 20 % nó níos mó ná sin faoi Roinn 2 de Theideal III, Caibidil 3 nó a bhfuil sé rátáilte go hinmheánach go bhfuil cáilíocht chreidmheasa choibhéiseach acu, agus aon cheann de na coinníollacha seo a leanas á chomhlíonadh:

▼M9

   (a) ní hionann iad agus éileamh ar SSPE, ar institiúid nó gnólacht infheistíochta nó ar cheann ar bith dá heintitis chleamhnaithe;

▼B

   (b) is bannaí iad atá incháilithe don láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 129(4) nó (5);

▼M10

   (c) is bannaí faoi chumhdach iad mar a shainmhínítear i bpointe (1) d'Airteagal 3 de Threoir (AE) 2019/2019/2162 seachas iad sin dá dtagraítear i bpointe (b) den phointe seo.

▼M9

7. Urrúis inaistrithe seachas na hurrúis sin dá dtagraítear i bpointe 3 go pointe 6 a cháilíonn d'ualú priacail 50 % nó níos mó ná sin faoi Chaibidil 2 de Theideal II de Chuid a Trí nó a bhfuil sé rátáilte go hinmheánach go bhfuil cáilíocht chreidmheasa choibhéiseach acu, agus ní hionann iad agus éileamh ar SSPE, ar institiúid nó gnólacht infheistíochta nó ar cheann ar bith dá heintitis chleamhnaithe.

▼B

8. Urrúis inaistrithe seachas na hurrúis sin dá dtagraítear i bpointí (3) go (7) atá comhthaobhaithe le sócmhainní, cáilíonn siad d'ualú priacal 35 % nó níos mó ná sin faoi Roinn 2 de Theideal III, Caibidil 3 nó a bhfuil sé rátáilte go hinmheánach go bhfuil cáilíocht chreidmheasa choibhéiseach acu, agus atá ráthaithe go huile is go hiomlán ag morgáistí ar mhaoin chónaithe i gcomhréir le hAirteagal 125.

9. Áiseanna creidmheasa teannta a dheonaíonn na bainc cheannais laistigh de raon feidhme an bheartais airgeadaíochta sa mhéid nach ndéantar na háiseanna sin a chomhthaobhú le sócmhainní leachtacha ach gan cúnamh éigeandála leachtachta a bheith san áireamh;

10. I gcás ina bhfuil an institiúid chreidmheasa bainteach i líonra i gcomhréir le forálacha dlí nó le forálacha reachtúla, na híostaiscí dlíthiúla nó reachtúla atá san institiúid lárnach chreidmheasa agus cistiú leachtach eile reachtúil nó cistiú atá ar fáil ar bhonn conarthach ón institiúid lárnach chreidmheasa nó ó institiúidí ar baill iad den líonra dá dtagraítear in Airteagal 113 (7), nó atá incháilithe don tarscaoileadh dá bhforáiltear in Airteagal 10, sa mhéid nach gcomhthaobhaítear an cistiú sin le sócmhainní leachtacha;

▼M9

11. Scaireanna gnáthchothromais atá trádáilte ar an stocmhalartán agus atá imréitithe ar bhonn lárnach, agus atá mar fhochuid de mhórinnéacs malartáin, ainmnithe in airgeadra intíre an Bhallstáit agus nach n-eisítear ag institiúid ná gnólacht infheistíochta ná ag aon cheann de chleamhnaithe na hinstitiúide nó an ghnólachta infheistíochta sin.

▼B

12. ór, atá liostaithe ar mhalartán aitheanta, a shealbhaítear ar bhonn leithdháilte.

Ní mór do gach ítim, seachas iad sin dá dtagraítear i bpointe 1,2 agus a 9 na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

(a) déantar iad a thrádáil i gcomhaontú athcheannaigh simplí nó margaí airgid thirim arb é a bpríomhthréith leibhéal íseal comhchruinnithe;

(b) tá siad cruthaithe mar fhoinse iontaofa leachtachta trí chomhaontú athcheannaigh nó trí dhíolachán fiú le linn dálaí struis sa mhargadh;

(c) go bhfuil siad neamhualaithe.

▼B

*IARSCRÍBHINN IV*

**Tábla Comhghaoil**

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 1 | | |
| Airteagal 2 | | |
| Airteagal 3 | | |
| Pointe (1) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4 (1) | |
| Pointe (2) d'Airteagal 4(1) | | Airteagal 3(1)b |
| Pointe (3) d'Airteagal 4(1) | | Airteagal 3(1)c |
| Pointe (4) d'Airteagal 4(1) | | Airteagal 3(1)p |
| Pointí (5)-(7) d'Airteagal 4(1) | | |
| Pointe (8) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(18) | |
| Pointí (9)-(12) d'Airteagal 4(1) | | |
| Pointe (13) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(41) | |
| Pointe (14) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(42) | |
| Pointe (15) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(12) | |
| Pointe (16) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(13) | |
| Pointe (17) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(3) | |
| Pointe (18) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(21) | |
| Pointe (19) d'Airteagal 4(1) | | |
| Pointe (20) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(19) | |
| Pointe (21) d'Airteagal 4(1) | | |
| Pointe (22) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(20) | |
| Pointe (23) d'Airteagal 4(1) | | |
| Pointe (24) d'Airteagal 4(1) | | |
| Pointe (25) d'Airteagal 4(1) | | Airteagal 3(1)c |
| Pointe (26) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(5) | |
| Pointe (27) d'Airteagal 4(1) | | |
| Pointe (28) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(14) | |
| Pointe (29) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(16) | |
| Pointe (30) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(15) | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Pointe (31) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(17) | |
| Pointí (32)-(34) d'Airteagal 4(1) | | |
| Pointe (35) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(10) | |
| Pointe (36) d'Airteagal 4(1) | | |
| Pointe (37) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(9) | |
| Pointe (38) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(46) | |
| Pointe (39) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(45) | |
| Pointe (40) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(4) | |
| Pointe (41) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(48) | |
| Pointe (42) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(2) | |
| Pointe (43) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(7) | |
| Pointe (44) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(8) | |
| Pointe (45) d'Airteagal 4(1) | | |
| Pointe (46) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(23) | |
| Pointí (47)-(49) d'Airteagal 4(1) | | |
| Pointe (50) d'Airteagal 4(1) | | Airteagal 3(1)e |
| Pointe (51) d'Airteagal 4(1) | | |
| Pointe (52) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(22) | |
| Pointe (53) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(24) | |
| Pointe (54) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(25) | |
| Pointe (55) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(27) | |
| Pointe (56) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(28) | |
| Pointe (57) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(30) | |
| Pointe (58) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(31) | |
| Pointe (59) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(32) | |
| Pointe (60) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(35) | |
| Pointe (61) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(36) | |
| Pointe (62) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(40) | |
| Pointe (63) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(40a) | |
| Pointe (64) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(40b) | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Pointe (65) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(43) | |
| Pointe (66) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(44) | |
| Pointe (67) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(39) | |
| Pointí (68)-(71) d'Airteagal 4(1) | | |
| Pointe (72) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(47) | |
| Pointe (73) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(49) | |
| Pointí (74)-(81) d'Airteagal 4(1) | | |
| Pointe (82) d'Airteagal 4(1) | | Airteagal 3(1)m |
| Pointe (83) d'Airteagal 4(1) | Airteagal 4(33) | |
| Pointí (84)-(91) d'Airteagal 4(1) | | |
| Pointe (92) d'Airteagal 4(1) | | Airteagal 3(1)i |
| Pointí (93)-(117) d'Airteagal 4(1) | | |
| Pointe (118) d'Airteagal 4(1) | | Airteagal 3(1)r |
| Pointí (119)-(128) d'Airteagal 4(1) | | |
| Airteagal 4(2) | | |
| Airteagal 4(3) | | |
| Airteagal 5 | | |
| Airteagal 6(1) | Airteagal 68(1) | |
| Airteagal 6(2) | Airteagal 68(2) | |
| Airteagal 6(3) | Airteagal 68(3) | |
| Airteagal 6(4) | | |
| Airteagal 6(5) | | |
| Airteagal 7(1) | Airteagal 69(1) | |
| Airteagal 7(2) | Airteagal 69(2) | |
| Airteagal 7(3) | Airteagal 69(3) | |
| Airteagal 8(1) | | |
| Airteagal 8(2) | | |
| Airteagal 8(3) | | |
| Airteagal 9(1) | Airteagal 70(1) | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 9(2) | Airteagal 70(2) | |
| Airteagal 9(3) | Airteagal 70(3) | |
| Airteagal 10(1) | Airteagal 3(1) | |
| Airteagal 10(2) | | |
| Airteagal 11(1) | Airteagal 71(1) | |
| Airteagal 11(2) | Airteagal 71(2) | |
| Airteagal 11(3) | | |
| Airteagal 11(4) | Airteagal 3(2) | |
| Airteagal 11(5) | | |
| Airteagal 12 | | |
| Airteagal 13(1) | Airteagal 72(1) | |
| Airteagal 13(2) | Airteagal 72(2) | |
| Airteagal 13(3) | Airteagal 72(3) | |
| Airteagal 13(4) | | |
| Airteagal 14(1) | Airteagal 73(3) | |
| Airteagal 14(2) | | |
| Airteagal 14(3) | | |
| Airteagal 15 | | Airteagal 22 |
| Airteagal 16 | | |
| Airteagal 17(1) | | Airteagal 23 |
| Airteagal 17(2) | | |
| Airteagal 17(3) | | |
| Airteagal 18(1)- | Airteagal 133(1) fomhír 1 | |
| Airteagal 18(2) | Airteagal 133(1) fomhír 2 | |
| Airteagal 18(3) | Airteagal 133(1) fomhír 3 | |
| Airteagal 18(4) | Airteagal 133(2) | |
| Airteagal 18(5) | Airteagal 133(3) | |
| Airteagal 18(6) | Airteagal 134(1) | |
| Airteagal 18(7) | | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 18(8) | Airteagal 134(2) | |
| Airteagal 19(1) | Airteagal 73(1) (b) | |
| Airteagal 19(2) | Airteagal 73(1) | |
| Airteagal 19(3) | Airteagal 73(1) fomhír 2 | |
| Airteagal 20(1) | Airteagal 105(3) Airteagal 129(2) agus Iarscríbhinn X, Cuid 3, Pointí 30 agus 31 | |
| Airteagal 20(2) | Airteagal 129(2) fomhír 3 | |
| Airteagal 20(3) | Airteagal 129(2) fomhír 4 | |
| Airteagal 20(4) | Airteagal 129(2) fomhír 5 | |
| Airteagal 20(5) | | |
| Airteagal 20(6) | Airteagal 84(2) | |
| Airteagal 20(7) | Airteagal 129(2) fomhír 6 | |
| Airteagal 20(8) | Airteagal 129(2) fomhíreanna 7 agus 8 | |
| Airteagal 21(1) | | |
| Airteagal 21(2) | | |
| Airteagal 21(3) | | |
| Airteagal 21(4) | | |
| Airteagal 22 | Airteagal 73(2) | |
| Airteagal 23 | | Airteagal 3(1) fomhír 2 |
| Airteagal 24 | Airteagal 74 (1) | |
| Airteagal 25 | | |
| Airteagal 26 (1) | Airteagal 57(a) | |
| Airteagal 26 (1)(a) | Airteagal 57(a) | |
| Airteagal 26 (1)(b) | Airteagal 57(a) | |
| Airteagal 26 (1)(c) | Airteagal 57(b) | |
| Airteagal 26 (1)(d) | | |
| Airteagal 26 (1)(e) | Airteagal 57(b) | |
| Airteagal 26 (1)(f) | Airteagal 57(c) | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 26 (1) an chéad fo-mhír | Airteagal 61 fomhír 2 | |
| Airteagal 26 (2)(a) | Airteagal 57 fo-mhír 2, 3 agus 4 | |
| Airteagal 26 (2)(b) | Airteagal 57 2, 3 agus 4 | |
| Airteagal 26 (3) | | |
| Airteagal 26 (4) | | |
| Airteagal 27 | | |
| Airteagal 28(1)(a) | | |
| Airteagal 28(1)(b) | Airteagal 57(a) | |
| Airteagal 28(1)(c) | Airteagal 57(a) | |
| Airteagal 28(1)(d) | | |
| Airteagal 28(1)(e) | | |
| Airteagal 28(1)(f) | | |
| Airteagal 28(1)(g) | | |
| Airteagal 28(1)(h) | | |
| Airteagal 28(1)(i) | Airteagal 57(a) | |
| Airteagal 28(1)(j) | Airteagal 57(a) | |
| Airteagal 28(1)(k) | | |
| Airteagal 28(1)(l) | | |
| Airteagal 28(1)(m) | | |
| Airteagal 28(2) | | |
| Airteagal 28(3) | | |
| Airteagal 28(4) | | |
| Airteagal 28(5) | | |
| Airteagal 29 | | |
| Airteagal 30 | | |
| Airteagal 31 | | |
| Airteagal 32(1)(a) | | |
| Airteagal 32(1)(b) | Airteagal 57 fomhír 4 | |
| Airteagal 32(2) | | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 33(1)(a) | Airteagal 64(4) | |
| Airteagal 33(1)(b) | Airteagal 64(4) | |
| Airteagal 33(1)(c) | | |
| Airteagal 33(2) | | |
| Airteagal 33(3)(a) | | |
| Airteagal 33(3)(b) | | |
| Airteagal 33(3)(c) | | |
| Airteagal 33(3)(d) | | |
| Airteagal 33(4) | | |
| Airteagal 34 | Airteagal 64(5) | |
| Airteagal 35 | | |
| Airteagal 36(1)(a) | Airteagal 57(k) | |
| Airteagal 36(1)(b) | Airteagal 57(j) | |
| Airteagal 36(1)(c) | | |
| Airteagal 36(1)(d) | Airteagal 57(q) | |
| Airteagal 36(1)(e) | | |
| Airteagal 36(1)(f) | Airteagal 57(i) | |
| Airteagal 36(1)(g) | | |
| Airteagal 36(1)(h) | Airteagal 57(n) | |
| Airteagal 36(1)(i) | Airteagal 57(m) | |
| Airteagal 36(1)(j) | Airteagal 66(2) | |
| Airteagal 36(1)(k)(i) | | |
| Airteagal 36(1)(k)(ii) | Airteagal 57(r) | |
| Airteagal 36(1)(k)(iii) | | |
| Airteagal 36(1)(k)(iv) | | |
| Airteagal 36(1)(k)(v) | | |
| Airteagal 36(1)(l) | Airteagal 61 fomhír 2 | |
| Airteagal 36(2) | | |
| Airteagal 36(3) | | |
| Airteagal 37 | | |
| Airteagal 38 | | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 39 | | |
| Airteagal 40 | | |
| Airteagal 41 | | |
| Airteagal 42 | | |
| Airteagal 43 | | |
| Airteagal 44 | | |
| Airteagal 45 | | |
| Airteagal 46 | | |
| Airteagal 47 | | |
| Airteagal 48 | | |
| Airteagal 49(1) | Airteagal 59 | |
| Airteagal 49(2) | Airteagal 60 | |
| Airteagal 49(3) | | |
| Airteagal 49(4) | | |
| Airteagal 49(5) | | |
| Airteagal 49(6) | | |
| Airteagal 50 | Airteagal 66, Airteagal 57(ca), Airteagal 63a | |
| Airteagal 51 | Airteagal 66, Airteagal 57(ca), Airteagal 63a | |
| Airteagal 52 | Airteagal 63a | |
| Airteagal 53 | | |
| Airteagal 54 | | |
| Airteagal 55 | | |
| Airteagal 56 | | |
| Airteagal 57 | | |
| Airteagal 58 | | |
| Airteagal 59 | | |
| Airteagal 60 | | |
| Airteagal 61 | Airteagal 66, Airteagal 57(ca), Airteagal 63a | |
| Airteagal 62(a) | Airteagal 64(3) | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 62(b) | | |
| Airteagal 62(c) | | |
| Airteagal 62(d) | Airteagal 63(3) | |
| Airteagal 63 | Airteagal 63(1), Airteagal 63(2), Airteagal 64(3) | |
| Airteagal 64 | Airteagal 64 (3) (c) | |
| Airteagal 65 | | |
| Airteagal 66 | Airteagal 57, Airteagal 66(2) | |
| Airteagal 67 | Airteagal 57, Airteagal 66(2) | |
| Airteagal 68 | | |
| Airteagal 69 | Airteagal 57, Airteagal 66(2) | |
| Airteagal 70 | Airteagal 57, Airteagal 66(2) | |
| Airteagal 71 | Airteagal 66, Airteagal 57(ca), Airteagal 63a | |
| Airteagal 72 | Airteagal 57, Airteagal 66 | |
| Airteagal 73 | | |
| Airteagal 74 | | |
| Airteagal 75 | | |
| Airteagal 76 | | |
| Airteagal 77 | Airteagal 63a(2) | |
| Airteagal 78(1) | Airteagal 63a(2) | |
| Airteagal 78(2) | | |
| Airteagal 78(3) | | |
| Airteagal 78(4) | Airteagal 63a(2) fomhír 4 | |
| Airteagal 78(5) | | |
| Airteagal 79 | Airteagal 58 | |
| Airteagal 80 | | |
| Airteagal 81 | Airteagal 65 | |
| Airteagal 82 | Airteagal 65 | |
| Airteagal 83 | | |
| Airteagal 84 | Airteagal 65 | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 85 | Airteagal 65 | |
| Airteagal 86 | Airteagal 65 | |
| Airteagal 87 | Airteagal 65 | |
| Airteagal 88 | Airteagal 65 | |
| Airteagal 89 | Airteagal 120 | |
| Airteagal 90 | Airteagal 122 | |
| Airteagal 91 | Airteagal 121 | |
| Airteagal 92 | Airteagal 66, Airteagal 75 | |
| Airteagal 93(1)-(4) | Airteagal 10(1)-(4) | |
| Airteagal 93(5) | | |
| Airteagal 94 | | Airteagal 18(2)-(4) |
| Airteagal 95 | | |
| Airteagal 96 | | |
| Airteagal 97 | | |
| Airteagal 98 | | Airteagal 24 |
| Airteagal 99(1) | Airteagal 74(2) | |
| Airteagal 99(2) | | |
| Airteagal 100 | | |
| Airteagal 101(1) | | |
| Airteagal 101(2) | | |
| Airteagal 101(3) | | |
| Airteagal 102(1) | | Airteagal 11(1) |
| Airteagal 102(2) | | Airteagal 11(3) |
| Airteagal 102(3) | | Airteagal 11(4) |
| Airteagal 102(4) | | Iarscríbhinn VII, Cuid C, Pointe 1 |
| Airteagal 103 | | Iarscríbhinn VII, Cuid A, Pointe 1 |
| Airteagal 104(1) | | Iarscríbhinn VII, Cuid D, Pointe 1 |
| Airteagal 104(2) | | Iarscríbhinn VII, Cuid D, Pointe 2 |
| Airteagal 105(1) | | Airteagal 33(1) |
| Airteagal 105(2)-(10) | | Iarscríbhinn VII, Cuid B, Pointí 1-9 |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 105(11)-(13) | | Iarscríbhinn VII, Cuid B, Pointí 11-13 |
| Airteagal 106 | | Iarscríbhinn VII, Cuid C, Pointí 1-3 |
| Airteagal 107 | Airteagal 76, Airteagal 78(4) agus Iarscríbhinn III, Cuid 2, Pointe 6 | |
| Airteagal 108(1) | Airteagal 91 | |
| Airteagal 108(2) | | |
| Airteagal 109 | Airteagal 94 | |
| Airteagal 110 | | |
| Airteagal 111 | Airteagal 78(1)-(3) | |
| Airteagal 112 | Airteagal 79(1) | |
| Airteagal 113(1) | Airteagal 80(1) | |
| Airteagal 113(2) | Airteagal 80(2) | |
| Airteagal 113(3) | Airteagal 80(4) | |
| Airteagal 113(4) | Airteagal 80(5) | |
| Airteagal 113(5) | Airteagal 80(6) | |
| Airteagal 113(6) | Airteagal 80(7) | |
| Airteagal 113(7) | Airteagal 80(8) | |
| Airteagal 114 | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointí 1-5 | |
| Airteagal 115(1) (4) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointí 8-11 | |
| Airteagal 115(5) | | |
| Airteagal 116(1) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointe 14 | |
| Airteagal 116(2) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointe 14 | |
| Airteagal 116(3) | | |
| Airteagal 116(4) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointe 15 | |
| Airteagal 116(5) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointe 17 | |
| Airteagal 116(6) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointe 17 | |
| Airteagal 117(1) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointe 18 agus 19 | |
| Airteagal 117(2) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointe 20 | |
| Airteagal 117(3) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointe 21 | |
| Airteagal 118 | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointe 22 | |
| Airteagal 119(1) | | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 119(2) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointí 37 agus 38 | |
| Airteagal 119(3) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointe 40 | |
| Airteagal 119(4) | | |
| Airteagal 119(5) | | |
| Airteagal 120(1) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointe 29 | |
| Airteagal 120(2) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointe 31 | |
| Airteagal 120(3) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointí 33-36 | |
| Airteagal 121(1) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointe 26 | |
| Airteagal 121(2) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointe 25 | |
| Airteagal 121(3) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointe 27 | |
| Airteagal 122 | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointí 41 agus 42 | |
| Airteagal 123 | Airteagal 79(2), 79(3) agus Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointe 43 | |
| Airteagal 124(1) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointe 44 | |
| Airteagal 124(2) | | |
| Airteagal 124(3) | | |
| Airteagal 125(1)-(3) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointí 45-49 | |
| Airteagal 125(4) | | |
| Airteagal 126(1) agus (2) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointí 51-55 | |
| Airteagal 126(3) agus (4) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointí 58 agus 59 | |
| Airteagal 127(1) agus (2) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointí 61 agus 62 | |
| Airteagal 127(3) agus (4) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointí 64 agus 65 | |
| Airteagal 128(1) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointí 66 agus 76 | |
| Airteagal 128(2) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointe 66 | |
| Airteagal 128(3) | | |
| Airteagal 129(1) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointe 68, paragraphs 1 agus 2 | |
| Airteagal 129(2) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointe 69 | |
| Airteagal 129(3) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointe 71 | |
| Airteagal 129(4) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointe 70 | |
| Airteagal 129(5) | | |
| Airteagal 130 | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointe 72 | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 131 | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointe 73 | |
| Airteagal 132(1) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointe 74 | |
| Airteagal 132(2) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointe 75 | |
| Airteagal 132(3) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointí 77 agus 78 | |
| Airteagal 132(4) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointe 79 | |
| Airteagal 132(5) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointe 80 agus Pointe 81 | |
| Airteagal 133(1) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointe 86 | |
| Airteagal 133(2) | | |
| Airteagal 133(3) | | |
| Airteagal 134(1)-(3) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointí 82-84 | |
| Airteagal 134(4)-(7) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointí 87-90 | |
| Airteagal 135 | Airteagal 81(1), (2) agus (4) | |
| Airteagal 136(1) | Airteagal 82(1) | |
| Airteagal 136(2) | Iarscríbhinn VI, Cuid 2, Pointí 12-16 | |
| Airteagal 136(3) | Airteagal 150(3) | |
| Airteagal 137(1) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointe 6 | |
| Airteagal 137(2) | Iarscríbhinn VI, Cuid I, Pointe 7 | |
| Airteagal 137(3) | | |
| Airteagal 138 | Iarscríbhinn VI, Cuid III, Pointí 1-7 | |
| Airteagal 139 | Iarscríbhinn VI, Cuid III, Pointí 8-17 | |
| Airteagal 140(1) | | |
| Airteagal 140(2) | | |
| Airteagal 141 | | |
| Airteagal 142(1) | | |
| Airteagal 142(2) | | |
| Airteagal 143(1) | Airteagal 84 (1) agus Iarscríbhinn VII, Cuid 4, Pointe 1 | |
| Airteagal 143(1) | Airteagal 84(2) | |
| Airteagal 143(1) | Airteagal 84(3) | |
| Airteagal 143(1) | Airteagal 84(4) | |
| Airteagal 143(1) | | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 144 | | |
| Airteagal 145 | | |
| Airteagal 146 | | |
| Airteagal 147(1) | Airteagal 86(9) | |
| Airteagal 147(2)-(9) | Airteagal 86(1)-(8) | |
| Airteagal 148(1) | Airteagal 85(1) | |
| Airteagal 148(2) | Airteagal 85(2) | |
| Airteagal 148(3) | | |
| Airteagal 148(4) | Airteagal 85(3) | |
| Airteagal 148(5) | | |
| Airteagal 148(1) | | |
| Airteagal 149 | Airteagal 85(4) agus (5) | |
| Airteagal 150(1) | Airteagal 89(1) | |
| Airteagal 150(2) | Airteagal 89(2) | |
| Airteagal 150(3) | | |
| Airteagal 150(4) | | |
| Airteagal 151 | Airteagal 87(1)-(10) | |
| Airteagal 152(1) agus (2) | Airteagal 87(11) | |
| Airteagal 152(3) agus (4) | Airteagal 87(12) | |
| Airteagal 152(5) | | |
| Airteagal 153(1) | Iarscríbhinn VII, Cuid I, Pointe 3 | |
| Airteagal 153(2) | | |
| Airteagal 153(3)-(8) | Iarscríbhinn VII, Cuid I, Pointí 4-9 | |
| Airteagal 153(9) | | |
| Airteagal 154 | Iarscríbhinn VII, Cuid I, Pointí 10-16 | |
| Airteagal 155(1) | Iarscríbhinn VII, Cuid I, Pointí 17 agus 18 | |
| Airteagal 155(2) | Iarscríbhinn VII, Cuid I, Pointí 19 go 21 | |
| Airteagal 155(3) | Iarscríbhinn VII, Cuid I, Pointí 22 go 24 | |
| Airteagal 155(4) | Iarscríbhinn VII, Cuid I, Pointí 25 go 26 | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 156 | | |
| Airteagal 156 | Iarscríbhinn VII, Cuid I, Pointe 27 | |
| Airteagal 157(1) | Iarscríbhinn VII, Cuid I, Pointe 28 | |
| Airteagal 157(2)-(5) | | |
| Airteagal 158(1) | Airteagal 88(2) | |
| Airteagal 158(2) | Airteagal 88(3) | |
| Airteagal 158(3) | Airteagal 88(4) | |
| Airteagal 158(4) | Airteagal 88(6) | |
| Airteagal 158(5) | Iarscríbhinn VII, Cuid I, Pointe 30 | |
| Airteagal 158(6) | Iarscríbhinn VII, Cuid I, Pointe 31 | |
| Airteagal 158(7) | Iarscríbhinn VII, Cuid I, Pointe 32 | |
| Airteagal 158(8) | Iarscríbhinn VII, Cuid I, Pointe 33 | |
| Airteagal 158(9) | Iarscríbhinn VII, Cuid I, Pointe 34 | |
| Airteagal 158(10) | Iarscríbhinn VII, Cuid I, Pointe 35 | |
| Airteagal 158(11) | | |
| Airteagal 159 | Iarscríbhinn VII, Cuid I, Pointe 36 | |
| Airteagal 160(1) | Iarscríbhinn VII, Cuid II, Pointe 2 | |
| Airteagal 160(2) | Iarscríbhinn VII, Cuid II, Pointe 3 | |
| Airteagal 160(3) | Iarscríbhinn VII, Cuid II, Pointe 4 | |
| Airteagal 160(4) | Iarscríbhinn VII, Cuid II, Pointe 5 | |
| Airteagal 160(5) | Iarscríbhinn VII, Cuid II, Pointe 6 | |
| Airteagal 160 (6) | Iarscríbhinn VII, Cuid II, Pointe 7 | |
| Airteagal 160(7) | Iarscríbhinn VII, Cuid II, Pointe 7 | |
| Airteagal 161(1) | Iarscríbhinn VII, Cuid II, Pointe 8 | |
| Airteagal 161(2) | Iarscríbhinn VII, Cuid II, Pointe 9 | |
| Airteagal 161(3) | Iarscríbhinn VII, Cuid II, Pointe 10 | |
| Airteagal 161(4) | Iarscríbhinn VII, Cuid II, Pointe 11 | |
| Airteagal 162(1) | Iarscríbhinn VII, Cuid II, Pointe 12 | |
| Airteagal 162(2) | Iarscríbhinn VII, Cuid II, Pointe 13 | |
| Airteagal 162(3) | Iarscríbhinn VII, Cuid II, Pointe 14 | |
| Airteagal 162(4) | Iarscríbhinn VII, Cuid II, Pointe 15 | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 162(5) | Iarscríbhinn VII, Cuid II, Pointe 16 | |
| Airteagal 163(1) | Iarscríbhinn VII, Cuid II, Pointe 17 | |
| Airteagal 163(2) | Iarscríbhinn VII, Cuid II, Pointe 18 | |
| Airteagal 163(3) | Iarscríbhinn VII, Cuid II, Pointe 19 | |
| Airteagal 163(4) | Iarscríbhinn VII, Cuid II, Pointe 20 | |
| Airteagal 164(1) | Iarscríbhinn VII, Cuid II, Pointe 21 | |
| Airteagal 164(2) | Iarscríbhinn VII, Cuid II, Pointe 22 | |
| Airteagal 164(3) | Iarscríbhinn VII, Cuid II, Pointe 23 | |
| Airteagal 164(4) | | |
| Airteagal 165(1) | Iarscríbhinn VII, Cuid II, Pointe 24 | |
| Airteagal 165(2) | Iarscríbhinn VII, Cuid II, Pointe 25 agus 26 | |
| Airteagal 165(3) | Iarscríbhinn VII, Cuid II, Pointe 27 | |
| Airteagal 166(1) | Iarscríbhinn VII, Cuid III, Pointe 1 | |
| Airteagal 166(2) | Iarscríbhinn VII, Cuid III, Pointe 2 | |
| Airteagal 166(3) | Iarscríbhinn VII, Cuid III, Pointe 3 | |
| Airteagal 166(4) | Iarscríbhinn VII, Cuid III, Pointe 4 | |
| Airteagal 166(5) | Iarscríbhinn VII, Cuid III, Pointe 5 | |
| Airteagal 166(6) | Iarscríbhinn VII, Cuid III, Pointe 6 | |
| Airteagal 166(7) | Iarscríbhinn VII, Cuid III, Pointe 7 | |
| Airteagal 166(8) | Iarscríbhinn VII, Cuid III, Pointe 9 | |
| Airteagal 166(9) | Iarscríbhinn VII, Cuid III, Pointe 10 | |
| Airteagal 166(10) | Iarscríbhinn VII, Cuid III, Pointe 11 | |
| Airteagal 167(1) | Iarscríbhinn VII, Cuid III, Pointe 12 | |
| Airteagal 167(2) | | |
| Airteagal 168 | Iarscríbhinn VII, Cuid III, Pointe 13 | |
| Airteagal 169(1) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 2 | |
| Airteagal 169(2) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 3 | |
| Airteagal 169(3) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 4 | |
| Airteagal 170(1) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 5-11 | |
| Airteagal 170(2) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 12 | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 170(3) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointí 13-15 | |
| Airteagal 170(4) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 16 | |
| Airteagal 171(1) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 17 | |
| Airteagal 171(2) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 18 | |
| Airteagal 172(1) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 19-23 | |
| Airteagal 172(2) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 24 | |
| Airteagal 172(3) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 25 | |
| Airteagal 173(1) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointí 26-28 | |
| Airteagal 173(2) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 29 | |
| Airteagal 173(3) | | |
| Airteagal 174 | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 30 | |
| Airteagal 175(1) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 31 | |
| Airteagal 175(2) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 32 | |
| Airteagal 175(3) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 33 | |
| Airteagal 175(4) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 34 | |
| Airteagal 175(5) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 35 | |
| Airteagal 176(1) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 36 | |
| Airteagal 176(2) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 37 an chéad fomhír | |
| Airteagal 176(3) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 37 an dara fomhír | |
| Airteagal 176(4) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 38 | |
| Airteagal 176(5) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 39 | |
| Airteagal 177(1) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 40 | |
| Airteagal 177(2) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 41 | |
| Airteagal 177(3) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 42 | |
| Airteagal 178(1) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 44 | |
| Airteagal 178(2) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 44 | |
| Airteagal 178(3) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 45 | |
| Airteagal 178(4) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 46 | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 178(5) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 47 | |
| Airteagal 178(6) | | |
| Airteagal 178(7) | | |
| Airteagal 179(1) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointí 43 agus 49-56 | |
| Airteagal 179(2) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 57 | |
| Airteagal 180(1) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointí 59-66 | |
| Airteagal 180(2) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointí 67-72 | |
| Airteagal 180(3) | | |
| Airteagal 181(1) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointí 73-81 | |
| Airteagal 181(2) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 82 | |
| Airteagal 181(3) | | |
| Airteagal 182(1) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointí 87-92 | |
| Airteagal 182(2) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 93 | |
| Airteagal 182(3) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointí 94 agus 95 | |
| Airteagal 182(4) | | |
| Airteagal 183(1) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointí 98-100 | |
| Airteagal 183(2) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointí 101 agus 102 | |
| Airteagal 183(3) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 103 agus Pointe 104 | |
| Airteagal 183(4) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 96 | |
| Airteagal 183(5) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 97 | |
| Airteagal 183(6) | | |
| Airteagal 184(1) | | |
| Airteagal 184(2) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 105 | |
| Airteagal 184(3) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 106 | |
| Airteagal 184(4) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 107 | |
| Airteagal 184(5) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 108 | |
| Airteagal 184(6) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 109 | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 185 | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointí 110-114 | |
| Airteagal 186 | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 115 | |
| Airteagal 187 | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 116 | |
| Airteagal 188 | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointí 117-123 | |
| Airteagal 189(1) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 124 | |
| Airteagal 189(2) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointí 125 agus 126 | |
| Airteagal 189(3) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 127 | |
| Airteagal 190(1) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 128 | |
| Airteagal 190(2) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 129 | |
| Airteagal 190(3) (4) | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 130 | |
| Airteagal 191 | Iarscríbhinn VII, Cuid IV, Pointe 131 | |
| Airteagal 192 | Airteagal 90 agus Iarscríbhinn VIII, Cuid 1, Pointe 2 | |
| Airteagal 193(1) | Airteagal 93 (2) | |
| Airteagal 193(2) | Airteagal 93 (3) | |
| Airteagal 193(3) | Airteagal 93(1) agus Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 1 | |
| Airteagal 193(4) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 2 | |
| Airteagal 193(5) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 5, Pointe 1 | |
| Airteagal 193(6) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 5, Pointe 2 | |
| Airteagal 194(1) | Airteagal 92(1) | |
| Airteagal 194(2) | Airteagal 92(2) | |
| Airteagal 194(3) | Airteagal 92(3) | |
| Airteagal 194(4) | Airteagal 92(4) | |
| Airteagal 194(5) | Airteagal 92(5) | |
| Airteagal 194(6) | Airteagal 92(5) | |
| Airteagal 194(7) | Airteagal 92(6) | |
| Airteagal 194(8) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 2, Pointe 1 | |
| Airteagal 194(9) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 2, Pointe 2 | |
| Airteagal 194(10) | | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 195 | Iarscríbhinn VIII, Cuid 1, Pointí 3 agus 4 | |
| Airteagal 196 | Iarscríbhinn VIII, Cuid 1, Pointe 5 | |
| Airteagal 197(1) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 1, Pointe 7 | |
| Airteagal 197(2) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 1, Pointe 7 | |
| Airteagal 197(3) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 1, Pointe 7 | |
| Airteagal 197(4) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 1, Pointe 8 | |
| Airteagal 197(5) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 1, Pointe 9 | |
| Airteagal 197(6) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 1, Pointe 9 | |
| Airteagal 197(7) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 1, Pointe 10 | |
| Airteagal 197(8) | | |
| Airteagal 198(1) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 1, Pointe 11 | |
| Airteagal 198(2) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 1, Pointe 11 | |
| Airteagal 199(1) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 1, Pointe 12 | |
| Airteagal 199(2) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 1, Pointe 13 | |
| Airteagal 199(3) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 1, Pointe 16 | |
| Airteagal 199(4) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 1, Pointí 17 agus 18 | |
| Airteagal 199(5) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 1, Pointe 20 | |
| Airteagal 199(6) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 1, Pointe 21 | |
| Airteagal 199(7) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 1, Pointe 22 | |
| Airteagal 199(8) | | |
| Airteagal 200 | Iarscríbhinn VIII, Cuid 1, Pointí 23 go 25 | |
| Airteagal 201(1) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 1, Pointí 26 agus 28 | |
| Airteagal 201(2) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 1, Pointe 27 | |
| Airteagal 202 | Iarscríbhinn VIII, Cuid 1, Pointe 29 | |
| Airteagal 203 | | |
| Airteagal 204(1) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 1, Pointe 30 agus Pointe 31 | |
| Airteagal 204(2) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 1, Pointe 32 | |
| Airteagal 205 | Iarscríbhinn VIII, Cuid 2, Pointe 3 | |
| Airteagal 206 | Iarscríbhinn VIII, Cuid 2, Pointí 4 go 5 | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 207(1) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 2, Pointe 6 | |
| Airteagal 207(2) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 2, Pointe 6(a) | |
| Airteagal 207(3) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 2, Pointe 6(b) | |
| Airteagal 207(4) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 2, Pointe 6(c) | |
| Airteagal 207(5) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 2, Pointe 7 | |
| Airteagal 208(1) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 2, Pointe 8 | |
| Airteagal 208(2) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 2, Pointe 8(a) | |
| Airteagal 208(3) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 2, Pointe 8(b) | |
| Airteagal 208(4) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 2, Pointe 8(c) | |
| Airteagal 208(5) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 2, Pointe 8(d) | |
| Airteagal 209(1) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 2, Pointe 9 | |
| Airteagal 209(2) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 2, Pointe 9(a) | |
| Airteagal 209(3) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 2, Pointe 9(b) | |
| Airteagal 210 | Iarscríbhinn VIII, Cuid 2, Pointe 10 | |
| Airteagal 211 | Iarscríbhinn VIII, Cuid 2, Pointe 11 | |
| Airteagal 212(1) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 2, Pointe 12 | |
| Airteagal 212(2) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 2, Pointe 13 | |
| Airteagal 213 (1) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 2, Pointe 14 | |
| Airteagal 213(2) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 2, Pointe 15 | |
| Airteagal 213(3) | | |
| Airteagal 214(1) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 2, Pointe 16(a) go (c) | |
| Airteagal 214(2) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 2, Pointe 16 | |
| Airteagal 214(3) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 2, Pointe 17 | |
| Airteagal 215(1) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 2, Pointe 18 | |
| Airteagal 215(2) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 2, Pointe 19 | |
| Airteagal 216(1) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 2, Pointe 20 | |
| Airteagal 216(2) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 2, Pointe 21 | |
| Airteagal 217(1) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 2, Pointe 22 | |
| Airteagal 217(2) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 2, Pointe 22(c) | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 217(3) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 2, Pointe 22(c) | |
| Airteagal 218 | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 3 | |
| Airteagal 219 | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 4 | |
| Airteagal 220(1) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 5 | |
| Airteagal 220(2) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointí 6, 8 go 10 | |
| Airteagal 220(3) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 11 | |
| Airteagal 220(4) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointí 22 agus 23 | |
| Airteagal 220(5) | Iarscríbhinn VIII, Cuid III3, Pointe 9 | |
| Airteagal 221(1) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 12 | |
| Airteagal 221(2) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 12 | |
| Airteagal 221(3) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointí 13 go 15 | |
| Airteagal 221(4) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe16 | |
| Airteagal 221(5) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointí 18 agus 19 | |
| Airteagal 221(6) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointí 20 agus 21 | |
| Airteagal 221(7) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe17 | |
| Airteagal 221(8) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointí 22 agus 23 | |
| Airteagal 221(9) | | |
| Airteagal 222(1) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 24 | |
| Airteagal 222(2) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 25 | |
| Airteagal 222(3) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 26 | |
| Airteagal 222(4) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 27 | |
| Airteagal 222(5) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 28 | |
| Airteagal 222(6) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 29 | |
| Airteagal 222(7) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointí 28 agus 29 | |
| Airteagal 223(1) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointí 30 go 32 | |
| Airteagal 223(2) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 33 | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 223(3) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 33 | |
| Airteagal 223(4) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 33 | |
| Airteagal 223(5) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 33 | |
| Airteagal 223(6) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointí 34 agus 35 | |
| Airteagal 223(7) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 35 | |
| Airteagal 224(1) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 36 | |
| Airteagal 224(2) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 37 | |
| Airteagal 224(3) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 38 | |
| Airteagal 224(4) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 39 | |
| Airteagal 224(5) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 40 | |
| Airteagal 224(6) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 41 | |
| Airteagal 225(1) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointí 42 go 46 | |
| Airteagal 225(2) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointí 47 go 52 | |
| Airteagal 225(3) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointí 53 go 56 | |
| Airteagal 226 | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 57 | |
| Airteagal 227(1) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 58 | |
| Airteagal 227(2) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 58(a) go (h) | |
| Airteagal 227(3) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 58(h) | |
| Airteagal 228(1) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 60 | |
| Airteagal 228(2) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 61 | |
| Airteagal 229(1) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointí 62 go 65 | |
| Airteagal 229(2) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 66 | |
| Airteagal 229(3) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointí 63 agus 67 | |
| Airteagal 230(1) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointí 68 go 71 | |
| Airteagal 230(2) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 72 | |
| Airteagal 230(3) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointí 73 agus 74 | |
| Airteagal 231(1) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 76 | |
| Airteagal 231(2) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 77 | |
| Airteagal 231(3) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 78 | |
| Airteagal 231(1) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 79 | |
| Airteagal 231(2) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 80 | |
| Airteagal 231(3) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 80a | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 231(4) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointí 81 go 82 | |
| Airteagal 232(1) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 83 | |
| Airteagal 232(2) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 83 | |
| Airteagal 232(3) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 84 | |
| Airteagal 232(4) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 85 | |
| Airteagal 234 | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 86 | |
| Airteagal 235(1) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 87 | |
| Airteagal 235(2) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 88 | |
| Airteagal 235(3) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 89 | |
| Airteagal 236(1) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 90 | |
| Airteagal 236(2) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Pointe 91 | |
| Airteagal 236(3) | Iarscríbhinn VIII, Cuid III, Pointe 92 | |
| Airteagal 237(1) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 4, Pointe 1 | |
| Airteagal 237(2) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 4, Pointe 2 | |
| Airteagal 238(1) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 4, Pointe 3 | |
| Airteagal 238(2) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 4, Pointe 4 | |
| Airteagal 238(3) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 4, Pointe 5 | |
| Airteagal 239(1) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 4, Pointe 6 | |
| Airteagal 239(2) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 4, Pointe 7 | |
| Airteagal 239(3) | Iarscríbhinn VIII, Cuid 4, Pointe 8 | |
| Airteagal 240 | Iarscríbhinn VIII, Cuid VI, Pointe 1 | |
| Airteagal 241 | Iarscríbhinn VIII, Cuid VI, Pointe 2 | |
| Airteagal 242(1) go (9) | Iarscríbhinn IX, Cuid I, Pointe 1 | |
| Airteagal 242(10) | Airteagal 4 Pointe 37 | |
| Airteagal 242(11) | Airteagal 4 Pointe 38 | |
| Airteagal 242(12) | | |
| Airteagal 242(13) | | |
| Airteagal 242(14) | | |
| Airteagal 242(15) | | |
| Airteagal 243(1) | Iarscríbhinn IX, Cuid II, Pointe 1 | |
| Airteagal 243(2) | Iarscríbhinn IX, Cuid II, Pointe 1a | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 243(3) | Iarscríbhinn IX, Cuid II, Pointe 1b | |
| Airteagal 243(4) | Iarscríbhinn IX, Cuid II, Pointe 1c | |
| Airteagal 243(5) | Iarscríbhinn IX, Cuid II, Pointe 1d | |
| Airteagal 243(6) | | |
| Airteagal 244(1) | Iarscríbhinn IX, Cuid II, Pointe 2 | |
| Airteagal 244(2) | Iarscríbhinn IX, Cuid II, Pointe 2a | |
| Airteagal 244(3) | Iarscríbhinn IX, Cuid II, Pointe 2b | |
| Airteagal 244(4) | Iarscríbhinn IX, Cuid II, Pointe 2c | |
| Airteagal 244(5) | Iarscríbhinn IX, Cuid II, Pointe 2d | |
| Airteagal 244(6) | | |
| Airteagal 245(1) | Airteagal 95(1) | |
| Airteagal 245(2) | Airteagal 95(2) | |
| Airteagal 245(3) | Airteagal 96(2) | |
| Airteagal 245(4) | Airteagal 96(4) | |
| Airteagal 245(5) | | |
| Airteagal 245(6) | | |
| Airteagal 246(1) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointí 2 agus 3 | |
| Airteagal 246(2) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 5 | |
| Airteagal 246(3) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 5 | |
| Airteagal 247(1) | Airteagal 96(3), Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 60 | |
| Airteagal 247(2) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 61 | |
| Airteagal 247(3) | | |
| Airteagal 247(4) | | |
| Airteagal 248(1) | Airteagal 101(1) | |
| Airteagal 248(2) | | |
| Airteagal 248(3) | Airteagal 101(2) | |
| Airteagal 249 | Iarscríbhinn IX, Cuid II, Pointí 3 agus 4 | |
| Airteagal 250 | Iarscríbhinn IX, Cuid II, Pointí 5-7 | |
| Airteagal 251 | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 6-7 | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 252 | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 8 | |
| Airteagal 253(1) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 9 | |
| Airteagal 253(2) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 10 | |
| Airteagal 254 | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 11-12 | |
| Airteagal 255(1) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 13 | |
| Airteagal 255(2) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 15 | |
| Airteagal 256(1) | Airteagal 100(1) | |
| Airteagal 256(2) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 17-20 | |
| Airteagal 256(3) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 21 | |
| Airteagal 256(4) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointí 22-23 | |
| Airteagal 256(5) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 24-25 | |
| Airteagal 256(6) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 26-29 | |
| Airteagal 256(7) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 30 | |
| Airteagal 256(8) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 32 | |
| Airteagal 256(9) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 33 | |
| Airteagal 257 | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 34 | |
| Airteagal 258 | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 35-36 | |
| Airteagal 259(1) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointí 38-41 | |
| Airteagal 259(2) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 42 | |
| Airteagal 259(3) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 43 | |
| Airteagal 259(4) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 44 | |
| Airteagal 259(5) | | |
| Airteagal 260 | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 45 | |
| Airteagal 261(1) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 46-47, 49 | |
| Airteagal 261(2) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 51 | |
| Airteagal 262(1) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 52, 53 | |
| Airteagal 262(2) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 53 | |
| Airteagal 262(3) | | |
| Airteagal 262(4) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 54 | |
| Airteagal 263(1) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 57 | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 263(2) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 58 | |
| Airteagal 263(3) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 59 | |
| Airteagal 264(1) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 62 | |
| Airteagal 264(2) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointí63-65 | |
| Airteagal 264(3) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointí 66 agus 67 | |
| Airteagal 264(4) | | |
| Airteagal 265(1) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 68 | |
| Airteagal 265(2) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 70 | |
| Airteagal 265(3) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 71 | |
| Airteagal 266(1) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 72 | |
| Airteagal 266(2) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 73 | |
| Airteagal 266(3) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 74-75 | |
| Airteagal 266(4) | Iarscríbhinn IX, Cuid IV, Pointe 76 | |
| Airteagal 267(1) | Airteagal 97(1) | |
| Airteagal 267(3) | Airteagal 97(3) | |
| Airteagal 268 | Iarscríbhinn IX, Cuid III, Pointe 1 | |
| Airteagal 269 | Iarscríbhinn IX, Cuid III, Pointe 2-7 | |
| Airteagal 270 | Airteagal 98 (1) agus Iarscríbhinn IX, Cuid III, Pointí 8 agus 9 | |
| Airteagal 271(1) | Iarscríbhinn III, Cuid II, Pointe 1 Iarscríbhinn VII, Cuid III, Pointe 5 | |
| Airteagal 271(2) | Iarscríbhinn VII, Cuid III, Pointe 7 | |
| Airteagal 272(1) | Iarscríbhinn III, Cuid I, Pointe 1 | |
| Airteagal 272(2) | Iarscríbhinn III, Cuid I, Pointe 3 | |
| Airteagal 272(3) | Iarscríbhinn III, Cuid I, Pointe 4 | |
| Airteagal 272 (4) | Iarscríbhinn III, Cuid I, Pointe 5 | |
| Airteagal 272(5) | Iarscríbhinn III, Cuid I, Pointe 6 | |
| Airteagal 272(6) | Iarscríbhinn III, Cuid I, Pointe 7 | |
| Airteagal 272(7) | Iarscríbhinn III, Cuid I, Pointe 8 | |
| Airteagal 272(8) | Iarscríbhinn III, Cuid I, Pointe 9 | |
| Airteagal 272(9) | Iarscríbhinn III, Cuid I, Pointe 10 | |
| Airteagal 272(10) | Iarscríbhinn III, Cuid I, Pointe 11 | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 272(11) | Iarscríbhinn III, Cuid I, Pointe 12 | |
| Airteagal 272(12) | Iarscríbhinn III, Cuid I, Pointe 13 | |
| Airteagal 272(13) | Iarscríbhinn III, Cuid I, Pointe 14 | |
| Airteagal 272(14) | Iarscríbhinn III, Cuid I, Pointe 15 | |
| Airteagal 272(15) | Iarscríbhinn III, Cuid I, Pointe 16 | |
| Airteagal 272(16) | Iarscríbhinn III, Cuid I, Pointe 17 | |
| Airteagal 272(17) | Iarscríbhinn III, Cuid I, Pointe 18 | |
| Airteagal 272(18) | Iarscríbhinn III, Cuid I, Pointe 19 | |
| Airteagal 272(19) | Iarscríbhinn III, Cuid I, Pointe 20 | |
| Airteagal 272(20) | Iarscríbhinn III, Cuid I, Pointe 21 | |
| Airteagal 272(21) | Iarscríbhinn III, Cuid I, Pointe 22 | |
| Airteagal 272(22) | Iarscríbhinn III, Cuid I, Pointe 23 | |
| Airteagal 272(23) | Iarscríbhinn III, Cuid I, Pointe 26 | |
| Airteagal 272(24) | Iarscríbhinn III, Cuid VII, Pointe a) | |
| Airteagal 272(25) | Iarscríbhinn III, Cuid VII, Pointe a) | |
| Airteagal 272(26) | Iarscríbhinn III; Cuid V, Pointe 2 | |
| Airteagal 273(1) | Iarscríbhinn III, Cuid II, Pointe 1 | |
| Airteagal 273(2) | Iarscríbhinn III, Cuid II, Pointe 2 | |
| Airteagal 273(3) | Iarscríbhinn III, Cuid II, Pointe 3 an chéad agus an dara fo-mhír | |
| Airteagal 273(4) | Iarscríbhinn III, Cuid II, Pointe 3 3rd fo-mhír | |
| Airteagal 273(5) | Iarscríbhinn III, Cuid II, Pointe 4 | |
| Airteagal 273(6) | Iarscríbhinn III, Cuid II, Pointe 5 | |
| Airteagal 273(7) | Iarscríbhinn III, Cuid II, Pointe 7 | |
| Airteagal 273(8) | Iarscríbhinn III, Cuid II, Pointe 8 | |
| Airteagal 274(1) | Iarscríbhinn III, Cuid III | |
| Airteagal 274(2) | Iarscríbhinn III, Cuid III | |
| Airteagal 274(3) | Iarscríbhinn III, Cuid III | |
| Airteagal 274(4) | Iarscríbhinn III, Cuid III | |
| Airteagal 275(1) | Iarscríbhinn III, Cuid IV | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 275(2) | Iarscríbhinn III, Cuid IV | |
| Airteagal 276(1) | Iarscríbhinn III, Cuid V, Pointe 1 | |
| Airteagal 276(2) | Iarscríbhinn III, Cuid V, Pointe 1 | |
| Airteagal 276(3) | Iarscríbhinn III, Cuid V, Pointí 1-2 | |
| Airteagal 277(1) | Iarscríbhinn III, Cuid V, Pointe 3-4 | |
| Airteagal 277(2) | Iarscríbhinn III, Cuid V, Pointe 5 | |
| Airteagal 277(3) | Iarscríbhinn III, Cuid V, Pointe 6 | |
| Airteagal 277(4) | Iarscríbhinn III, Cuid V, Pointe 7 | |
| Airteagal 278(1) | | |
| Airteagal 278(2) | Iarscríbhinn III, Cuid V, Pointe 8 | |
| Airteagal 278(3) | Iarscríbhinn III, Cuid V, Pointe 9 | |
| Airteagal 279 | Iarscríbhinn III, Cuid V, Pointe 10 | |
| Airteagal 280(1) | Iarscríbhinn III, Cuid V, Pointe 11 | |
| Airteagal 280(2) | Iarscríbhinn III, Cuid V, Pointe 12 | |
| Airteagal 281(1) | | |
| Airteagal 281(2) | Iarscríbhinn III, Cuid V, Pointe 13 | |
| Airteagal 281(3) | Iarscríbhinn III, Cuid V, Pointe 14 | |
| Airteagal 282(1) | | |
| Airteagal 282(2) | Iarscríbhinn III, Cuid V, Pointe 15 | |
| Airteagal 282(3) | Iarscríbhinn III, Cuid V, Pointe 16 | |
| Airteagal 282(4) | Iarscríbhinn III, Cuid V, Pointe 17 | |
| Airteagal 282(5) | Iarscríbhinn III, Cuid V, Pointe 18 | |
| Airteagal 282(6) | Iarscríbhinn III, Cuid V, Pointe 19 | |
| Airteagal 282(7) | Iarscríbhinn III, Cuid V, Pointe 20 | |
| Airteagal 282(8) | Iarscríbhinn III, Cuid V, Pointe 21 | |
| Airteagal 283(1) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 1 | |
| Airteagal 283(2) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 2 | |
| Airteagal 283(3) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 2 | |
| Airteagal 283(4) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 3 | |
| Airteagal 283(5) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 4 | |
| Airteagal 283(6) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 4 | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 284(1) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 5 | |
| Airteagal 284(2) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 6 | |
| Airteagal 284(3) | | |
| Airteagal 284(4) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 7 | |
| Airteagal 284(5) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 8 | |
| Airteagal 284(6) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 9 | |
| Airteagal 284(7) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 10 | |
| Airteagal 284(8) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 11 | |
| Airteagal 284(9) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 12 | |
| Airteagal 284(10) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 13 | |
| Airteagal 284(11) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 9 | |
| Airteagal 284(12) | | |
| Airteagal 284(13) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 14 | |
| Airteagal 285(1) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 15 | |
| Airteagal 285(2)-(8) | | |
| Airteagal 286(1) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointí 18 agus 25 | |
| Airteagal 286(2) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 19 | |
| Airteagal 286(3) | | |
| Airteagal 286(4) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 20 | |
| Airteagal 286(5) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 21 | |
| Airteagal 286(6) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 22 | |
| Airteagal 286(7) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 23 | |
| Airteagal 286(8) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 24 | |
| Airteagal 287(1) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 17 | |
| Airteagal 287(2) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 17 | |
| Airteagal 287(3) | | |
| Airteagal 287(4) | | |
| Airteagal 288 | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 26 | |
| Airteagal 289(1) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 27 | |
| Airteagal 289(2) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 28 | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 289(3) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 29 | |
| Airteagal 289(4) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 29 | |
| Airteagal 289(5) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 30 | |
| Airteagal 289(6) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 31 | |
| Airteagal 290(1) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 32 | |
| Airteagal 290(2) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 32 | |
| Airteagal 290(3)-(10) | | |
| Airteagal 291(1) | Iarscríbhinn I, Cuid I, Pointí 27-28 | |
| Airteagal 291(2) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 34 | |
| Airteagal 291(3) | | |
| Airteagal 291(4) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 35 | |
| Airteagal 291(5) | | |
| Airteagal 291(6) | | |
| Airteagal 292(1) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 36 | |
| Airteagal 292(2) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 37 | |
| Airteagal 292(3) | | |
| Airteagal 292(4) | | |
| Airteagal 292(5) | | |
| Airteagal 292(6) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 38 | |
| Airteagal 292(7) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 39 | |
| Airteagal 292(8) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 40 | |
| Airteagal 292(9) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 41 | |
| Airteagal 292(10) | | |
| Airteagal 293(1) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 42 | |
| Airteagal 293(2)-(6) | | |
| Airteagal 294(1) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 42 | |
| Airteagal 294(2) | | |
| Airteagal 294(3) | Iarscríbhinn III, Cuid VI, Pointe 42 | |
| Airteagal 295 | Iarscríbhinn III, Cuid VII, Pointe a) | |
| Airteagal 296(1) | Iarscríbhinn III, Cuid VII, Pointe b) | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 296(2) | Iarscríbhinn III, Cuid VII, Pointe b) | |
| Airteagal 296(3) | Iarscríbhinn III, Cuid VII, Pointe b) | |
| Airteagal 297(1) | Iarscríbhinn III, Cuid VII, Pointe b) | |
| Airteagal 297(2) | Iarscríbhinn III, Cuid VII, Pointe b) | |
| Airteagal 297(3) | Iarscríbhinn III, Cuid VII, Pointe b) | |
| Airteagal 297(4) | Iarscríbhinn III, Cuid VII, Pointe b) | |
| Airteagal 298(1) | Iarscríbhinn III, Cuid VII, Pointe c) | |
| Airteagal 298(2) | Iarscríbhinn III, Cuid VII, Pointe c) | |
| Airteagal 298(3) | Iarscríbhinn III, Cuid VII, Pointe c) | |
| Airteagal 298(4) | Iarscríbhinn III, Cuid VII, Pointe c) | |
| Airteagal 299(1) | | Iarscríbhinn II, Pointe 7 |
| Airteagal 299(2) | | Iarscríbhinn II, Pointí 7-11 |
| Airteagal 300 | | |
| Airteagal 301 | Iarscríbhinn III, Cuid 2, Pointe 6 | |
| Airteagal 302 | | |
| Airteagal 303 | | |
| Airteagal 304 | | |
| Airteagal 305 | | |
| Airteagal 306 | | |
| Airteagal 307 | | |
| Airteagal 308 | | |
| Airteagal 309 | | |
| Airteagal 310 | | |
| Airteagal 311 | | |
| Airteagal 312(1) | Airteagal 104(3) agus (6) agus Iarscríbhinn X, Cuid 2, Pointí 2, 5 agus 8 | |
| Airteagal 312(2) | Airteagal 105(1) agus 105(2) agus Iarscríbhinn X, Cuid 3, Pointe 1 | |
| Airteagal 312(3) | | |
| Airteagal 312(4) | Airteagal 105(1) | |
| Airteagal 313(1) | Airteagal 102(2) | |
| Airteagal 313(2) | Airteagal 102(3) | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 313(3) | | |
| Airteagal 314(1) | Airteagal 102(4) | |
| Airteagal 314(2) | Iarscríbhinn X, Cuid 4, Pointe 1 | |
| Airteagal 314(3) | Iarscríbhinn X, Cuid 4, Pointe 2 | |
| Airteagal 314(4) | Iarscríbhinn X, Cuid 4, Pointí 3 agus 4 | |
| Airteagal 314(5) | | |
| Airteagal 315(1) | Airteagal 103 agus Iarscríbhinn X, Cuid 1, Pointí 1 go 3 | |
| Airteagal 315(2) | | |
| Airteagal 315(3) | | |
| Airteagal 315(4) | Iarscríbhinn X, Cuid 1, Pointe 4 | |
| Airteagal 316(1) | Iarscríbhinn X, Cuid 1, Pointí 5 go 8 | |
| Airteagal 316(2) | Iarscríbhinn X, Cuid 1, Pointe 9 | |
| Airteagal 316(3) | | |
| Airteagal 317(1) | Airteagal 104 (1) | |
| Airteagal 317(2) | Airteagal 104(2) agus (4) agus Iarscríbhinn X, Cuid 2, Pointe 1 | |
| Airteagal 317(3) | Iarscríbhinn X, Cuid 2, Pointe 1 | |
| Airteagal 317(4) | Iarscríbhinn X, Cuid 2, Pointe 2 | |
| Airteagal 318(1) | Iarscríbhinn X, Cuid 2, Pointe 4 | |
| Airteagal 318(2) | Iarscríbhinn X, Cuid 2, Pointe 4 | |
| Airteagal 318(3) | | |
| Airteagal 319(1) | Iarscríbhinn X, Cuid 2, Pointí 6 go 7 | |
| Airteagal 319(2) | Iarscríbhinn X, Cuid 2, Pointí 10 agus 11 | |
| Airteagal 320 | Iarscríbhinn X, Cuid 2, Pointí 9 agus 12 | |
| Airteagal 321 | Iarscríbhinn X, Cuid 3, Pointí 2 go 7 | |
| Airteagal 322(1) | | |
| Airteagal 322(2) | Iarscríbhinn X, Cuid 3, Pointí 8 go 12 | |
| Airteagal 322(3) | Iarscríbhinn X, Cuid 3, Pointí 13 go 18 | |
| Airteagal 322(4) | Iarscríbhinn X, Cuid 3, Pointe 19 | |
| Airteagal 322(5) | Iarscríbhinn X, Cuid 3, Pointe 20 | |
| Airteagal 322(6) | Iarscríbhinn X, Cuid 3, Pointí 21 go 24 | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 323(1) | Iarscríbhinn X, Cuid 3, Pointe 25 | |
| Airteagal 323(2) | Iarscríbhinn X, Cuid 3, Pointe 26 | |
| Airteagal 323(3) | Iarscríbhinn X, Cuid 3, Pointe 27 | |
| Airteagal 323(4) | Iarscríbhinn X, Cuid 3, Pointe 28 | |
| Airteagal 323(5) | Iarscríbhinn X, Cuid 3, Pointe 29 | |
| Airteagal 324 | Iarscríbhinn X, Cuid 5 | |
| Airteagal 325(1) | | Airteagal 26 |
| Airteagal 325(2) | | Airteagal 26 |
| Airteagal 325(3) | | |
| Airteagal 326 | | |
| Airteagal 327(1) | | Iarscríbhinn I Pointe 1 |
| Airteagal 327(2) | | Iarscríbhinn I Pointe 2 |
| Airteagal 327(3) | | Iarscríbhinn I Pointe 3 |
| Airteagal 328(1) | | Iarscríbhinn I Pointe 4 |
| Airteagal 328(2) | | |
| Airteagal 329(1) | | Iarscríbhinn I Pointe 5 |
| Airteagal 329(2) | | |
| Airteagal 330 | | Iarscríbhinn I Pointe 7 |
| Airteagal 331(1) | | Iarscríbhinn I Pointe 9 |
| Airteagal 331(2) | | Iarscríbhinn I Pointe 10 |
| Airteagal 332(1) | | Iarscríbhinn I Pointe 8 |
| Airteagal 332(2) | | Iarscríbhinn I Pointe 8 |
| Airteagal 333 | | Iarscríbhinn I Pointe 11 |
| Airteagal 334 | | Iarscríbhinn I Pointe 13 |
| Airteagal 335 | | Iarscríbhinn I Pointe 14 |
| Airteagal 336(1) | | Iarscríbhinn I Pointe 14 |
| Airteagal 336(2) | | Iarscríbhinn I Pointe 14 |
| Airteagal 336(3) | | Iarscríbhinn I Pointe 14 |
| Airteagal 336(4) | | Airteagal 19(1) |
| Airteagal 337(1) | | Iarscríbhinn I Pointe 16a |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 337(2) | | Iarscríbhinn I Pointe 16a |
| Airteagal 337(3) | | Iarscríbhinn I Pointe 16a |
| Airteagal 337(4) | | Iarscríbhinn I Pointe 16a |
| Airteagal 337(4) | | Iarscríbhinn I Pointe 16a |
| Airteagal 338(1) | | Iarscríbhinn I Pointe 14a |
| Airteagal 338(2) | | Iarscríbhinn I Pointe 14b |
| Airteagal 338(3) | | Iarscríbhinn I Pointe 14c |
| Airteagal 338(4) | | Iarscríbhinn I Pointe 14a |
| Airteagal 339(1) | | Iarscríbhinn I Pointe 17 |
| Airteagal 339(2) | | Iarscríbhinn I Pointe 18 |
| Airteagal 339(3) | | Iarscríbhinn I Pointe 19 |
| Airteagal 339(4) | | Iarscríbhinn I Pointe 20 |
| Airteagal 339(5) | | Iarscríbhinn I Pointe 21 |
| Airteagal 339(6) | | Iarscríbhinn I Pointe 22 |
| Airteagal 339(7) | | Iarscríbhinn I Pointe 23 |
| Airteagal 339(8) | | Iarscríbhinn I Pointe 24 |
| Airteagal 339(9) | | Iarscríbhinn I Pointe 25 |
| Airteagal 340(1) | | Iarscríbhinn I Pointe 26 |
| Airteagal 340(2) | | Iarscríbhinn I Pointe 27 |
| Airteagal 340(3) | | Iarscríbhinn I Pointe 28 |
| Airteagal 340(4) | | Iarscríbhinn I Pointe 29 |
| Airteagal 340(5) | | Iarscríbhinn I Pointe 30 |
| Airteagal 340(6) | | Iarscríbhinn I Pointe 31 |
| Airteagal 340(7) | | Iarscríbhinn I Pointe 32 |
| Airteagal 341(1) | | Iarscríbhinn I Pointe 33 |
| Airteagal 341(2) | | Iarscríbhinn I Pointe 33 |
| Airteagal 341(3) | | |
| Airteagal 342 | | Iarscríbhinn I Pointe 34 |
| Airteagal 343 | | Iarscríbhinn I Pointe 36 |
| Airteagal 344(1) | | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 344(2) | | Iarscríbhinn I Pointe 37 |
| Airteagal 344(3) | | Iarscríbhinn I Pointe 38 |
| Airteagal 345(1) | | Iarscríbhinn I Pointe 41 |
| Airteagal 345(2) | | Iarscríbhinn I Pointe 41 |
| Airteagal 346(1) | | Iarscríbhinn I Pointe 42 |
| Airteagal 346(2) | | |
| Airteagal 346(3) | | Iarscríbhinn I Pointe 43 |
| Airteagal 346(4) | | Iarscríbhinn I Pointe 44 |
| Airteagal 346(5) | | Iarscríbhinn I Pointe 45 |
| Airteagal 346(6) | | Iarscríbhinn I Pointe 46 |
| Airteagal 347 | | Iarscríbhinn I Pointe 8 |
| Airteagal 348(1) | | Iarscríbhinn I Pointí 48-49 |
| Airteagal 348(2) | | Iarscríbhinn I Pointe 50 |
| Airteagal 349 | | Iarscríbhinn I Pointe 51 |
| Airteagal 350(1) | | Iarscríbhinn I Pointe 53 |
| Airteagal 350(2) | | Iarscríbhinn I Pointe 54 |
| Airteagal 350(3) | | Iarscríbhinn I Pointe 55 |
| Airteagal 350(4) | | Iarscríbhinn I Pointe 56 |
| Airteagal 351 | | Iarscríbhinn III Pointe 1 |
| Airteagal 352(1) | | Iarscríbhinn III Pointe 2(1) |
| Airteagal 352(2) | | Iarscríbhinn III Pointe 2(2) |
| Airteagal 352(3) | | Iarscríbhinn III Pointe 2(1) |
| Airteagal 352(4) | | Iarscríbhinn III Pointe 2(2) |
| Airteagal 352(5) | | |
| Airteagal 353(1) | | Iarscríbhinn III Pointe 2(1) |
| Airteagal 353(2) | | Iarscríbhinn III Pointe 2(1) |
| Airteagal 353(3) | | Iarscríbhinn III Pointe 2(1) |
| Airteagal 354(1) | | Iarscríbhinn III Pointe 3(1) |
| Airteagal 354(2) | | Iarscríbhinn III Pointe 3(2) |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 354(3) | | Iarscríbhinn III Pointe 3(2) |
| Airteagal 354(4) | | |
| Airteagal 355 | | |
| Airteagal 356 | | |
| Airteagal 357(1) | | Iarscríbhinn IV Pointe 1 |
| Airteagal 357(2) | | Iarscríbhinn IV Pointe 2 |
| Airteagal 357(3) | | Iarscríbhinn IV Pointe 3 |
| Airteagal 357(4) | | Iarscríbhinn IV Pointe 4 |
| Airteagal 357(5) | | Iarscríbhinn IV Pointe 6 |
| Airteagal 358(1) | | Iarscríbhinn IV Pointe 8 |
| Airteagal 358(2) | | Iarscríbhinn IV Pointe 9 |
| Airteagal 358(3) | | Iarscríbhinn IV Pointe 10 |
| Airteagal 358(4) | | Iarscríbhinn IV Pointe 12 |
| Airteagal 359(1) | | Iarscríbhinn IV Pointe 13 |
| Airteagal 359(2) | | Iarscríbhinn IV Pointe 14 |
| Airteagal 359(3) | | Iarscríbhinn IV Pointe 15 |
| Airteagal 359(4) | | Iarscríbhinn IV Pointe 16 |
| Airteagal 359(5) | | Iarscríbhinn IV Pointe 17 |
| Airteagal 359(6) | | Iarscríbhinn IV Pointe 18 |
| Airteagal 360(1) | | Iarscríbhinn IV Pointe 19 |
| Airteagal 360(2) | | Iarscríbhinn IV Pointe 20 |
| Airteagal 361 | | Iarscríbhinn IV Pointe 21 |
| Airteagal 362 | | |
| Airteagal 363(1) | | Iarscríbhinn V Pointe 1 |
| Airteagal 363(2) | | |
| Airteagal 363(3) | | |
| Airteagal 364(1) | | Iarscríbhinn V Pointe 10b |
| Airteagal 364(2) | | |
| Airteagal 364(3) | | |
| Airteagal 365(1) | | Iarscríbhinn V Pointe 10 |
| Airteagal 365(2) | | Iarscríbhinn V Pointe 10a |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 366(1) | | Iarscríbhinn V Pointe 7 |
| Airteagal 366(2) | | Iarscríbhinn V Pointe 8 |
| Airteagal 366(3) | | Iarscríbhinn V Pointe 9 |
| Airteagal 366(4) | | Iarscríbhinn V Pointe 10 |
| Airteagal 366(5) | | Iarscríbhinn V Pointe 8 |
| Airteagal 367(1) | | Iarscríbhinn V Pointe 11 |
| Airteagal 367(2) | | Iarscríbhinn V Pointe 12 |
| Airteagal 367(3) | | Iarscríbhinn V Pointe 12 |
| Airteagal 368(1) | | Iarscríbhinn V Pointe 2 |
| Airteagal 368(2) | | Iarscríbhinn V Pointe 2 |
| Airteagal 368(3) | | Iarscríbhinn V Pointe 5 |
| Airteagal 368(4) | | |
| Airteagal 369(1) | | Iarscríbhinn V Pointe 3 |
| Airteagal 369(2) | | |
| Airteagal 370(1) | | Iarscríbhinn V Pointe 5 |
| Airteagal 371(1) | | Iarscríbhinn V Pointe 5 |
| Airteagal 371(2) | | |
| Airteagal 372 | | Iarscríbhinn V Pointe 5a |
| Airteagal 373 | | Iarscríbhinn V Pointe 5b |
| Airteagal 374(1) | | Iarscríbhinn V Pointe 5c |
| Airteagal 374(2) | | Iarscríbhinn V Pointe 5d |
| Airteagal 374(3) | | Iarscríbhinn V Pointe 5d |
| Airteagal 374(4) | | Iarscríbhinn V Pointe 5d |
| Airteagal 374(5) | | Iarscríbhinn V Pointe 5d |
| Airteagal 374(6) | | Iarscríbhinn V Pointe 5d |
| Airteagal 374(7) | | |
| Airteagal 375(1) | | Iarscríbhinn V Pointe 5a |
| Airteagal 375(2) | | Iarscríbhinn V Pointe 5e |
| Airteagal 376(1) | | Iarscríbhinn V Pointe 5f |
| Airteagal 376(2) | | Iarscríbhinn V Pointe 5g |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 376(3) | | Iarscríbhinn V Pointe 5h |
| Airteagal 376(4) | | Iarscríbhinn V Pointe 5h |
| Airteagal 376(5) | | Iarscríbhinn V Pointe 5i |
| Airteagal 376(6) | | Iarscríbhinn V Pointe 5 |
| Airteagal 377 | | Iarscríbhinn V Pointe 5l |
| Airteagal 378 | | Iarscríbhinn II Pointe 1 |
| Airteagal 379(1) | | Iarscríbhinn II Pointe 2 |
| Airteagal 379(2) | | Iarscríbhinn II Pointe 3 |
| Airteagal 379(3) | | Iarscríbhinn II Pointe 2 |
| Airteagal 380 | | Iarscríbhinn II Pointe 4 |
| Airteagal 381 | | |
| Airteagal 382 | | |
| Airteagal 383 | | |
| Airteagal 384 | | |
| Airteagal 385 | | |
| Airteagal 386 | | |
| Airteagal 387 | | Airteagal 28(1) |
| Airteagal 388 | | |
| Airteagal 389 | Airteagal 106 (1) fomhír 1 | |
| Airteagal 390(1) | Airteagal 106(1) fomhír 2 | |
| Airteagal 390(2) | | |
| Airteagal 390(3) | | Airteagal 29(1) |
| Airteagal 390(4) | | Airteagal 30(1) |
| Airteagal 390(5) | | Airteagal 29(2) |
| Airteagal 390(6) | Airteagal 106(2) fomhír 1 | |
| Airteagal 390(7) | Airteagal 106(3) | |
| Airteagal 390(8) | Airteagal 106(2) fomhíreanna 2 agus 3 | |
| Airteagal 391 | Airteagal 107 | |
| Airteagal 392 | Airteagal 108 | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 393 | Airteagal 109 | |
| Airteagal 394(1) | Airteagal 110(1) | |
| Airteagal 394(2) | Airteagal 110(1) | |
| Airteagal 394(3) agus (4) | Airteagal 110 (2) | |
| Airteagal 394(4) | Airteagal 110 (2) | |
| Airteagal 395(1) | Airteagal 111(1) | |
| Airteagal 395(2) | | |
| Airteagal 395(3) | Airteagal 111 (4) fomhír 1 | |
| Airteagal 395(4) | | Airteagal 30 (4) |
| Airteagal 395(5) | | Airteagal 31 |
| Airteagal 395(6) | | |
| Airteagal 395(7) | | |
| Airteagal 395(8) | | |
| Airteagal 396(1) | Airteagal 111 (4) fomhíreanna 1 agus 2 | |
| Airteagal 396 (2) | | |
| Airteagal 397(1) | | Iarscríbhinn VI, Pointe 1 |
| Airteagal 397(2) | | Iarscríbhinn VI, Pointe 2 |
| Airteagal 397(3) | | Iarscríbhinn VI, Pointe 3 |
| Airteagal 398 | | Airteagal 32(1) |
| Airteagal 399(1) | Airteagal 112(1) | |
| Airteagal 399(2) | Airteagal 112(2) | |
| Airteagal 399(3) | Airteagal 112(3) | |
| Airteagal 399(4) | Airteagal 110 (3) | |
| Airteagal 400(1) | Airteagal 113(3) | |
| Airteagal 400(2) | Airteagal 113(4) | |
| Airteagal 400(3) | | |
| Airteagal 401(1) | Airteagal 114(1) | |
| Airteagal 401(2) | Airteagal 114(2) | |
| Airteagal 401(3) | Airteagal 114(3) | |
| Airteagal 402(1) | Airteagal 115(1) | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 402(2) | Airteagal 115(2) | |
| Airteagal 402(3) | | |
| Airteagal 403(1) | Airteagal 117(1) | |
| Airteagal 403(2) | Airteagal 117(2) | |
| Airteagal 404 | Airteagal 122a(8) | |
| Airteagal 405(1) | Airteagal 122a(1) | |
| Airteagal 405(2) | Airteagal 122a(2) | |
| Airteagal 405(3) | Airteagal 122a(3) fo-mhír 1 | |
| Airteagal 405(4) | Airteagal 122a(3) fo-mhír 2 | |
| Airteagal 406(1) | Airteagal 122a(4) agus Airteagal 122a (5) fomhír 2 | |
| Airteagal 406(2) | Airteagal 122a(5) fomhír 1 agus Airteagal 122a(6) fomhír 1 | |
| Airteagal 407 | Airteagal 122a(5) fomhír 3 | |
| Airteagal 408 | Airteagal 122a(6) fomhíreanna 1 agus 2 | |
| Airteagal 409 | Airteagal 122a(7) | |
| Airteagal 410 | Airteagal 122a(10) | |
| Airteagal 411 | | |
| Airteagal 412 | | |
| Airteagal 413 | | |
| Airteagal 414 | | |
| Airteagal 415 | | |
| Airteagal 416 | | |
| Airteagal 417 | | |
| Airteagal 418 | | |
| Airteagal 419 | | |
| Airteagal 420 | | |
| Airteagal 421 | | |
| Airteagal 422 | | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 423 | | |
| Airteagal 424 | | |
| Airteagal 425 | | |
| Airteagal 426 | | |
| Airteagal 427 | | |
| Airteagal 428 | | |
| Airteagal 429 | | |
| Airteagal 430 | | |
| Airteagal 431(1) | Airteagal 145(1) | |
| Airteagal 431(2) | Airteagal 145(2) | |
| Airteagal 431(3) | Airteagal 145(3) | |
| Airteagal 431(4) | Airteagal 145(4) | |
| Airteagal 432(1) | Iarscríbhinn XII, Cuid I, Pointe 1 agus Airteagal 146(1) | |
| Airteagal 432(2) | Airteagal 146(2) agus Iarscríbhinn XII, Cuid I, Pointí 2 agus 3 | |
| Airteagal 432(3) | Airteagal 146(3) | |
| Airteagal 433 | Airteagal 147 agus Iarscríbhinn XII, Cuid I, Pointe 4 | |
| Airteagal 434(1) | Airteagal 148 | |
| Airteagal 434(2) | | |
| Airteagal 435(1) | Iarscríbhinn XII, Cuid II, Pointe 1 | |
| Airteagal 435(2) | | |
| Airteagal 436 | Iarscríbhinn XII, Cuid II, Pointe 2 | |
| Airteagal 437 | | |
| Airteagal 438 | Iarscríbhinn XII, Cuid II, Pointí 4, 8 | |
| Airteagal 439 | Iarscríbhinn XII, Cuid II, Pointe 5 | |
| Airteagal 440 | | |
| Airteagal 441 | | |
| Airteagal 442 | Iarscríbhinn XII, Cuid II, Pointe 6 | |
| Airteagal 443 | | |
| Airteagal 444 | Iarscríbhinn XII, Cuid II, Pointe 7 | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 445 | Iarscríbhinn XII, Cuid II, Pointe 9 | |
| Airteagal 446 | Iarscríbhinn XII, Cuid II, Pointe 11 | |
| Airteagal 447 | Iarscríbhinn XII, Cuid II, Pointe 12 | |
| Airteagal 448 | Iarscríbhinn XII, Cuid II, Pointe 13 | |
| Airteagal 449 | Iarscríbhinn XII, Cuid II, Pointe 14 | |
| Airteagal 450 | Iarscríbhinn XII, Cuid II, Pointe 15 | |
| Airteagal 451 | | |
| Airteagal 452 | Iarscríbhinn XII, Cuid III, Pointe 1 | |
| Airteagal 453 | Iarscríbhinn XII, Cuid III, Pointe 2 | |
| Airteagal 454 | Iarscríbhinn XII, Cuid III, Pointe 3 | |
| Airteagal 455 | | |
| Airteagal 456, fomhír 1 | Airteagal 150(1) | Airteagal 41 |
| Airteagal 456, fomhír 2 | | |
| Airteagal 457 | | |
| Airteagal 458 | | |
| Airteagal 459 | | |
| Airteagal 460 | | |
| Airteagal 461 | | |
| Airteagal 462(1) | Airteagal 151a | |
| Airteagal 462(2) | Airteagal 151a | |
| Airteagal 462(3) | Airteagal 151a | |
| Airteagal 462(4) | | |
| Airteagal 462(5) | | |
| Airteagal 463 | | |
| Airteagal 464 | | |
| Airteagal 465 | | |
| Airteagal 466 | | |
| Airteagal 467 | | |
| Airteagal 468 | | |
| Airteagal 469 | | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 470 | | |
| Airteagal 471 | | |
| Airteagal 472 | | |
| Airteagal 473 | | |
| Airteagal 474 | | |
| Airteagal 475 | | |
| Airteagal 476 | | |
| Airteagal 477 | | |
| Airteagal 478 | | |
| Airteagal 479 | | |
| Airteagal 480 | | |
| Airteagal 481 | | |
| Airteagal 482 | | |
| Airteagal 483 | | |
| Airteagal 484 | | |
| Airteagal 485 | | |
| Airteagal 486 | | |
| Airteagal 487 | | |
| Airteagal 488 | | |
| Airteagal 489 | | |
| Airteagal 490 | | |
| Airteagal 491 | | |
| Airteagal 492 | | |
| Airteagal 493(1) | | |
| Airteagal 493 (2) | | |
| Airteagal 494 | | |
| Airteagal 495 | | |
| Airteagal 496 | | |
| Airteagal 497 | | |
| Airteagal 498 | | |

▼B

| An Rialachán seo | Treoir 2006/48/CE | Treoir 2006/49/CE |
|---|---|---|
| Airteagal 499 | | |
| Airteagal 500 | | |
| Airteagal 501 | | |
| Airteagal 502 | | |
| Airteagal 503 | | |
| Airteagal 504 | | |
| Airteagal 505 | | |
| Airteagal 506 | | |
| Airteagal 507 | | |
| Airteagal 508 | | |
| Airteagal 509 | | |
| Airteagal 510 | | |
| Airteagal 511 | | |
| Airteagal 512 | | |
| Airteagal 513 | | |
| Airteagal 514 | | |
| Airteagal 515 | | |
| Airteagal 516 | | |
| Airteagal 517 | | |
| Airteagal 518 | | |
| Airteagal 519 | | |
| Airteagal 520 | | |
| Airteagal 521 | | |
| Iarscríbhinn I | Iarscríbhinn II | |
| Iarscríbhinn II | Iarscríbhinn IV | |
| Iarscríbhinn III | | |